

CATH IDIR AN POBAL AGUS AN MURDER MACHINE

Gluaiseacht na
Gaelscolaíochta,
1973-2023

Kerron Ó Luain



CATH IDIR AN POBAL AGUS AN MURDER MACHINE:

GLUAISEACHT NA
GAELSCOLAÍOCHTA,
1973—2023



CATH IDIR AN POBAL AGUS AN MURDER MACHINE:

GLUAISEACHT NA
GAELSCOLAÍOCHTA,
1973—2023

KERRON Ó LUAIN



bradán feasa
FOILSEACHÁIN GHAEILGE

Arna fhoilsiú ag BRADÁN FEASA © 2025
ISKRA BOOKS © 2025

10 9 8 7 6 5 4 3 2 1

Gach ceart ar cosaint.
Tá cearta morálta an údair deimhnithe.

BRADÁN FEASA
WWW.ISKRABOOKS.ORG
Éire | SAM | Sasana

Is foilsitheoir neamhspleách scolártha é ISKRA BOOKS, a fhoilsíonn saothair ar an teoiric réabhlóideach, stair, oideachas, agus ealaín, chomh maith le díolamaí in eagar, aistriúcháin nua, agus athfhoilseacháin saothar níos sine.

ISBN-13: 979-8-3493-1742-2 (*Clúdach Bog*)
ISBN-13: 979-8-3493-2862-6 (*Clúdach Crua*)

Sonraí Leabharlann na Breataine maidir le catalógú le linn foilsithe
Tá taifead catalóige don leabhar seo ar fáil ó Leabharlann na Breataine.

Sonraí Leabharlann na Comhdhála maidir le catalógú le linn foilsithe
Tá taifead catalóige don leabhar seo ar fáil ó Leabharlann na Comhdhála.

Ealaín chlúdaigh agus dearadh le BEN STAHNKE
Clóchur le RÓISÍN DUBH
Eagarthóireacht agus profáil le DOMHNALL ÓG, RÓISÍN DUBH, TAYLOR R. GENOVESE,
SÉAMUS MAC CONMIDHE, agus DARÁN Ó DOCHARTAIGH

CLÁR

NÓTA BUÍOCHAIS	1
RÉAMHRÁ	3
RANNÓG 1	41
Luathbhlianta na Gluaiseachta, c.1969–1976	
RANNÓG 2	117
Borradh na Gaelscolaíochta i rith bhlianta an chúlaith eacnamaíochta, 1977-1984	
RANNÓG 3	227
Ré nua don Ghaelscolaíocht i gcomhthéacs an claochlaithe shóisialta agus pholaitiúil, 1985-1993	
ÍOMHÁNNA AGUS FÍORACHA	318
RANNÓG 4	339
An Ghaelscolaíocht le linn Ré an Tíogair Cheiltigh agus Próiseas na Síochána, 1994-2008	
RANNÓG 5	447
Gluaiseacht na Gaelscolaíochta faoi Scáth an Nualibriálachais agus an Choilíneachais, 2008-2023	
CONCLÚID	543
AGUISÍN	557
LEABHARLIOSTA	573



NÓTA BUÍOCHAIS

MURAB IONANN agus ‘gnáthleabhar staire’ nach stair bhéil é, ina mbíonn na daoine faoi chaibidil imithe ar shlí na fírinne, bíonn go leor buíochais le gabháil i dtionscadal den sórt seo, inar ghlac os cionn 50 duine páirt. Ba iad na rannpháirtithe sna hagallaimh bhéil croílár an tionscadail i ndáiríre. Táim fíorbhuíoch de gach aon duine acu a ghlac a gcuid ama le bualadh liom ina dtithe, i scoileanna, in ionaid na n-eagraíochtaí Gaelscolaíochta, caiféanna agus ionaid phobail, nó a labhair liom ar an nguthán nó ar Zoom i mbéal na paindéime nuair a cuireadh tús leis an taighde an chéad uair.

I gcás amháin chuir mé agallamh ar dhuine agus muid i mbun gníomh díreach—forghabháil ar bhloc árasán gur le creach-chiste é—chun aird a tharraingt ar an ngéarchéim thithíochta agus na cúiseanna léi. Mar a fheicfear thíos, tá smál na géarchéime sin le brath i gcuid mhaith de dheacrachtaí na Gaelscolaíochta faoi láthair. Sa chás sin, agus i gcásanna eile, bhíos i mbun taighde agus gnímh ag an am céanna; ní haon mhaithas í an stair a bhreathnaíonn siar ach nach gcuirtear ceachtanna uaithi i bhfeidhm san am i láthair.

I dtaobh ábhar clóite don taighde, táim fíorbhuíoch de m’athair, Cathal Ó Luain, Ultán Mac Gabhann, Breandán Mac Cormaic agus Uinseann Mac Thómais as a gcomhaid phearsanta a bhain leis an nGaelscolaíocht a fhágáil liom ar feadh na mblianta. Ba mhór an chabhair an t-ábhar sin dom chun comhthéacsú tábhachtach a dhéanamh ar an méid a bhí na hagallaithe ag insint dom. Bhí fáil agam, a bhuíochas le Gaeloideachas, ar an gcartlann acu i Marino chomh maith.

Chabhraigh baill foirne na gcartlanna agus na leabharlann uilig ar thug mé cuairt orthu go mór liom: Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Cartlann Ollscoil na Gaillimhe,

Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann, leabharlanna Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Bhaile Átha Cliath Theas.

Táim buíoch de Gaeloideachas as an gcabhair uilig a chuir foireann na heagraíochta ar fáil dom, go háirithe i dtaobh dul i dteagmháil leis na hagallaithe agus eolas luachmhar eile a sholáthar dom. Agus tá an moladh céanna ag dul don Fhoras Pátrúnachta agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).

Thug COGG níos mó ná cúnamh maidir leis an taighde, dár ndóigh; ba iad COGG a mhaoinigh an tionscadal an chéad lá, agus táim buíoch go háirithe de Mhuireann Ní Mhóráin a thug an tacaíocht sin agus do Jacqueline Ní Fhearghusa a lean leis an tacaíocht mar chómhaoiniú leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, mar a glaoth air an tráth sin, Taighde Éireann anois.

Mar a bhaineann sé leis an leabhar féin, tá buíochas ollmhór ag dul do na heagarthóirí agus ealaíontóir Bradán Feasa: Róisín Dubh agus Domhnall Óg, Taylor Genovese agus Ben Stankhe, a chuir an leabhar i dtoll a chéile, agus do na profléitheoirí Séamus Mac Conmidhe agus Darán Ó Dochartaigh a rinne profáil air an chéad uair.

Ar deireadh ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo stiúrthóir, Pádraig Ó Duibhir, a bhí tuisceanach, éirimiúil agus a thuig gur tionscadal pobail chomh maith le tionscadal acadúil a bhí ar intinn agam. Dar ndóigh, tá buíochas ollmhór ag dul do chóras na Gaelscolaíochta féin, na múinteoirí ann a chothaigh mé agus mo thuismitheoirí a chinn mé a chur chun na Gaelscoile an chéad lá, agus do Róisín a thacaigh liom le linn an tionscadail go léir.

RÉAMHRÁ

SA BHLIAIN 1970, is beag scoil a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge slasmuigh den Ghaeltacht oifigiúil agus an Ghaeilge mar ábhar scoile i gcoitinne fiú amháin á hionsaí. Go [t]jobann, áfach, tharla athrú ar an scéal. Dhúisigh tuismitheoirí na tíre agus bhí Gaelscoileanna ar an saol.¹ B’in an léamh a bhí ag *Combar* ar theacht chun cinn ghluaiseacht na Gaelscolaíochta sna 1970í agus an scríbhneoir ag breathnú siar ar an scéal ag tús na 1990í. Ar bhealach amháin bhí an ceart acu, tháinig an ghluaiseacht in inmhe de splanc. Agus dóibh siúd a bhí ag tabhairt measúnú ar an mborradh a tharla sa scór bliain ó cuireadh bunús oifigiúil faoin ngluaiseacht nuair a bunaíodh Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Lán-Ghaeilge i gColáiste Mhuire, Baile Átha Cliath, in 1973, is dócha go raibh an chuma sin ar chúrsaí—ní raibh mórán ag tarlú ar feadh i bhfad agus ansin bhí athrú meoin i measc tuismitheoirí a chruthaigh teacht aniar do staid na scoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn. Ach dar ndóigh is scéal róshimplí é sin. Cé go raibh baint lárnach ag dearcadh tuismitheoirí na tíre le scéal na gaelscolaíochta, gan dabht, is mithid léargas stairiúil níos caolchúisí a sholáthar agus leathchéad bliain na gluaiseachta curtha dinn.

De réir figiúirí a chuir an Roinn Oideachais sna Sé Chontae Fíchead ar fáil in 2022 is beag méadú atá tagtha ar chéatadán na ndaltaí ó dheas atá ag fáil oideachas lán-Ghaeilge le tamall de bhlianta anuas.² Ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta go sonrach, cé go raibh níos mó daltaí sa stát ag freastal ar iarbhunscóil in 2024–2025, tá líon na ndaltaí atá ag freastal ar Ghaelcholáiste nó iarbhunscóil Gaeltachta tite go 3.3%, an fhigiúir is ísle ó 2015–2016.³ Ar mhórán bealaí, is léiriú é an méid sin ann féin go raibh cúiseanna eile le borradh na gaelscolaíochta ná

1 *Combar*, Iúil 1993.

2 Léargas 2022; *Tuairisc.ie*, 5 Feabhra 2019.

3 *Tuairisc.ie*, 9 Eanáir 2025.

dearchthaí dearfacha tuismitheoirí ina leith. Léiríonn suirbhé i ndiaidh suirbhé go bhfuil sciar suntasach de phobal na tíre ann a chuirfeadh a bpáistí chuig gaelscoil dá mbeadh an rogha sin ar fáil. Bheadh fás na hearnála tar éis leanúint ar aghaidh gan stró mar sin, mura mbeadh i gceist ach dea-thoil a lucht tacaíochta. Dá réir sin tá cúiseanna ann—ar chúiseanna struchtúrtha iad—go bhfuil maolú tagtha ar fhás na hearnála. Is é aidhm an leabhair seo na cúiseanna struchtúrtha agus idé-eolaíochta a spreag gluaiseacht na gaelscolaíochta ar dtús sna 1970í agus a mhaolaigh í ina dhiaidh sin a chíoradh go beacht. B’údar dóchais borradh na gaelscolaíochta do lucht labhartha na Gaeilge faoi lár na 1990í go háirithe—samhláíodh na Gaelscoileanna féin mar eiseamláirí d’athbheochan a bhí ag titim amach agus a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an mór shaol lasmuigh de gheataí na scoile. Agus cé gur údar mór dóchais, agus údair bróid lena ais sin, an fás agus an buaná atá tagtha ar an earnáil ó tháinig sé ar an bhfód i ndáiríre sna 1970í, anois an t-am le machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna cigilteacha faoi threo na gluaiseachta amach anseo. I mbeagán focal, céard is féidir a fhoghlaim ón stair chun an borradh as cuimse san earnáil a bhí ag tarlú idir na 1970í agus na 1990í a athréimniú?

Tá na fórsaí atá ag feidhmiú i gcoinne an bhorrtha a d’fhéadfadh tarlú in athuair fíorláidir. Baineadh teideal an leabhair seo ó fhocail Bhreandáin Uí Bhuachalla, léachtóir i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Agus é ag labhairt faoin bhfeachtas chun Scoil Dhún Chaoin a choimeád ar oscailt ag tús na 1970í, d’áitigh sé gurb é a bhí ann ná ‘cath idir an pobal agus an “murder machine.”’ Ghlac an Buachallach coincheap an ‘murder machine’ ón bPiarsach a cháin an damáiste a rinne córas oideachais na Breataine, córas na scoileanna náisiúnta, in Éirinn do pháistí scoile agus é ag scríobh ag tús an fhichiú haois. Séard a bhí ann, a d’áitigh Mac Piarais, ná:

*a machine vast, complicated, with a multitude of far-reaching arms, with many ponderous presses, carrying out mysterious and long-drawn processes of shaping and moulding, is the true image of the Irish education system. It grinds night and day; it obeys immutable and predetermined laws; it is as devoid of understanding, of sympathy, of imagination, as is any other piece of machinery that performs an appointed task.*⁴

D’fhág an córas coilíneach sin an-rian ar an gcóras a thiocthadh

4 Pádraig Mac Piarais, *The Murder Machine and Other Essays* (The Mercier Press, 1976), 8.

ina áit sna 1920í sa Saorstát, agus, dar ndóigh, sa Tuaisceart bhí córas ann a bhí go hiomlán binbeach i gcoinne na Gaeilge. Mar atá ráite ag Conchúir Ó Giollagáin agus Tamás Péterváry faoin stát Sé Chontae Fíchead sa lá atá inniu ann, ‘tá aidhmeanna cultúrtha an tionscadail náisiúnta ó thaobh na Gaeilge de ar an trá fholamh’ agus ‘is caidreamh nuachoilíneach anois atá idir Stát na hÉireann agus na Gaeilge.’⁵ Bhí an córas geilleagrach caipitlíoch, agus ó na 1990í ar aghaidh, an córas nualioibrálach (caipitleachas antoisceach ina ndéantar tuilleadh beag is fiú de sheirbhísí poiblí) le cur sa mheá chomh maith, ó thuaidh agus ó dheas. Áirítear anseo na córais sin faoin scáth-théarma ‘*murder machine*’—córas láraithe, spriónlaitheacht, mídhaoilíocht, gan mórán trédhearcachta. B’éigean do ghníomhaithe na Gaelscolaíochta dul in adharca leis na dúshláin sin ón tús.

I dtaobh scríobh na staire de, ar an mórgóir, léiríonn an méid a deir Roy Foster—méid an-bheag le fírinne—an machnamh atá déanta ag mórstaraithe na hÉireann ar bhorradh na gaelscolaíochta, agus ní mórán machnaimh é. Pléann Roy Foster leis an teanga ar bhealach fánach ina leabhar *Luck & The Irish: A Brief History of Change, 1970-2000*. Gan fianaise ar bith a sholáthar, áitítear go raibh nasc idir an Ghaeilge agus an siombalachas náisiúnaíoch sna Sé Chontae tar éis forbairt le linn na tréimhse úd nó gur méadaíodh an bhearna idir an dlínse sin agus stát na Sé Chontae Fíchead dá bharr. Tá míniú simplí go leor aige ar theacht na ngaelscoileanna ar an bhfód; teip seanmhúnlaí Gaelaithe an chórais oideachais a bhraith ar pholasaí na héiginnteachta le hais an uirbithe agus an bhánaithe tuaithe.⁶ Bhí fréamhacha i bhfad ní ba dhoimhne ag an mborradh a tharla sa gaelscolaíocht ó na 1970í ná mar a luann Foster, agus cíorfár iad sin sna leathanaigh amach romhainn. Is léir nach bhfuil mórán machnaimh déanta ag staraithe na hÉireann ar scéal na gaelscolaíochta, ainneoin go bhfuil an earnáil tar éis tionchar a imirt ar shaol na céadta míle páiste le leathchéad bliain anuas. ‘*Among historians in general, wider cultural and educational issues are*

5 Conchúir Ó Giollagáin agus Tamás Péterváry, ‘An Pobal Gaelach agus an Stát Éireannach: Forbairt agus Éigeandáil,’ i *Beartas Úr na nGael: Dálaí na Gaeilge san Iar-Nua-Aoiseachas*, eagr. Conchúir Ó Giollagáin agus Brian Ó Curnáin (Leabhar Breac, 2016), 15.

6 R.F. Foster, *Luck & the Irish: a brief history of change, 1970-2000* (Allen Lane, 2007), 173-4.

attracting attention, but many historians lack expertise in Irish and familiarity with Irish-language issues,’ a deir Buttimer agus Ní Annracháin, agus sa mhullach air sin ‘*a few are indifferent, if not actually hostile, to the Gaelic tradition.*’⁷ Is é tuairim Vincent Morley ar an scéal, agus é ag tagairt go príomha do chás an ochtú agus an naoú haois déag, ná gurb ann don bhearna seo de bharr ‘*the inability of so many historians of Ireland to read primary sources in the indigenous language of the country.*’⁸ Is cinnte gur gné amháin den scéal iad cúrsaí teangeolaíochta. Anuas air sin, bhí staraithe na hÉireann tugtha ar feadh i bhfad, agus tá cuid acu go fóill, do scéal na huasaicme polaitiúla seachas scéal na cosmhuintire a insint. Mar a deir an staraí Indiach, Ranajit Guha, agus é ag trácht ar scríobh na staire sa tír sin:

*The historiography of Indian nationalism has for a long time been dominated by elitism—colonialist elitism and bourgeois-nationalist elitism... shar[ing] the prejudice that the making of the Indian nation and the development of the consciousness-nationalism which confirmed this process were exclusively or predominantly elite achievements. In the colonialist and neo-colonialist historiographies these achievements are credited to British colonial rulers, administrators, policies, institutions, and culture; in the nationalist and neo-nationalist writings—to Indian elite personalities, institutions, activities and ideas.*⁹

Ceann de na bealaí gur féidir sin a leigheas agus scéal grúpa a in-sint ón mbun aníos—scéal lucht na Gaelscolaíochta san áireamh—ná tabhairt faoin stair bhéil. Sa chaoi seo, níltear ag brath ar fhoinsí oifigiúla a bhreathnaíonn ar chathanna an phobail mar nithe gur gá a threascairt. Chuathas i mbun agallamh le ceithre dhuine is caoga, thuaidh, theas, sa Ghaeltacht, ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, agus ag leibhéal an stáit i measc cinnirí na n-eagraíochtaí abhcóideachta ar son na Gaelscolaíochta. Mar a rinne Linda Connolly agus í i mbun anailíse ar ghluaiseacht fheimineach na tíre san fhichiú haois rinneadh iarracht cros-sampla de dhaoine ó na ceithre hairde a chur faoi agallamh, daoine a bhí aitheanta agus daoine nach raibh chomh haitheanta

7 Neil Buttimer agus Máire Ní Annracháin, ‘Irish Language and Literature, 1921–84,’ i *A New History of Ireland Volume VII*, eag. J.R. Hill (Oxford University Press, 2003), 539–40.

8 Vincent Morley, *The Popular Mind in Eighteenth-Century Ireland* (Cork University Press, 2017), 1.

9 Ranajit Guha, ‘On Some Aspects of the Historiography of Colonial India,’ i *Selected Subaltern Studies*, eag. Ranajit Guha agus Gayatri Chakravorty Spivak (Oxford University Press 1988), 37.

sin, agus tharla an tsampláil bhreisithe go nádúrtha uaidh sin i go leor cásanna.¹⁰ Chun teagmháil a dhéanamh leis na hagallaithe den chéad uair, fuarthas sonraí teagmhála ó líonraí agus daoine a bhí bainteach leis an ngluaiseacht cheana, mo stiúrthóir Pádraig Ó Duibhir agus m'athair Cathal Ó Luain, mar shampla. Ina dhiaidh sin, mar a mholann Patricia Leavy ina caibidil ar an dearadh taighde do thionscadail staire béil, '*a letter prior to a phone call is recommended, so that people are not put on the spot. A letter also allows you an opportunity to provide some introductory information about the study.*'¹¹ Seoladh ríomhphost foirmeáilte in áit na litreach.

D'fheil an stair bhéil don chineál tionscadail pobail seo. I dtéarmaí stair na staire béil féin, ba dhrogall leo siúd a chuaigh i mbun na chéad tionscadal staire béil i Meiriceá sna 1950í taighde a dhéanamh ar an gcosmhuintir agus leagadh béim ar an lucht ceannais i réimsí na polaitíochta, na heacnamaíochta agus an chultúir. Ach san Eoraip ó na 1960í ar aghaidh go háirithe, arsa Donald Ritchie, '*oral historians were more rooted in social and cultural history and allied with political movements on the left. They re-examined history from the "bottom up," intending to include the voices of those previously excluded from national narratives.*'¹² In Éirinn, dar ndóigh, bhí obair eitneolaíochta nach raibh chomh héagsúil sin ón stair bhéil déanta roimhe sin faoi choimirce an stáit chun béaloideas, traidisiúin, oidhreacht agus stair na ndaoine a bhailiú sna 1930í.¹³ I gcás stair bhéil ar ghluaiseacht na gaeilscolaíochta bhí níos mó i gceist ná iomlánú a dhéanamh ar an taifead stairiúil. Ba chuid de thionscadal comórtha na hagallaimh agus in amanna braitheadh gur tuigeadh go raibh '*an overarching political or social mission*' i gceist, rud a mbíonn tionchar aige ar an agallamh.¹⁴ Seans go raibh codanna de roinnt de na hagallaimh dírithe ar chúrsaí comórtha seachas ar anailís a dhéanamh ar fhorbairt na glu-

10 Linda Connolly, *The Irish Women's Movement: from Revolution to Devolution* (Palgrave Macmillan, 2002), 249.

11 Patricia Leavy, *Oral History: Understanding Qualitative Research, Understanding Statistics*, online ed., (Oxford Academic, 2015), 35.

12 Donald A. Ritchie, 'Introduction, The Evolution of Oral History,' i *The Oxford Handbook of Oral History*, eag. Donald A. Ritchie (Oxford, 2011), 4-5.

13 Mícheál Briody, *The Irish Folklore Commission, 1935–1970: History, Ideology, Methodology* (Finnish Literature Society, 2007) *passim*.

14 Mary Kay Quinlan, 'The Dynamics of Interviewing,' i *The Oxford Handbook of Oral History* eag. Donald A. Ritchie (Oxford, 2007), 227.

aiseachta—ach bheadh sé sin nádúrtha. Mar sin féin, ar an iomlán, baineadh tairbhe iontach as gach aon agallamh agus bhí cabhair mhór le fáil ó gach éinne a cuireadh faoi agallamh, cabhair thar mholadh beirte. Dá bhrí sin bhí mé in ann tomhais a dhéanamh ar ‘*grand narratives*’ an stáit agus na Roinne Oideachais faoin tacaíocht a tugadh don ghaelscolaíocht a thástáil. ‘*The specific content unique to personal memory and the choice (conscious or unconscious) of the frameworks through which personal experience is remembered and understood,*’ arsa Green, ‘*provide a means through which historians can test grand narratives against personal memory or measure history from above against history from below.*’¹⁵

I dteannta na n-agallaithe baineadh úsáid as na gnáthfhoinsí staire—nuachtáin, irisí agus cáipéisí rialtais san áireamh. Bunaíodh *Comhar* in 1942 agus ba bhriseadh de shórt é ó dhearcadh cúng fhoil-sitheoirí an stáit.¹⁶ Cé nach raibh mórán tráchtar ar an ngaelscolaíocht san iar-Ghaeltacht i g*Comhar* nuair a bhí an ghluaiseacht ag teacht in inmhe ag tús na 1970í, bhí ailt agus litreacha ann ar na hathruithe móra a tharla sa mheánoideachas ó 1967 i leith, ar cheist smacht na heaglaise ar na scoileanna agus mar gheall ar an éagóir a bhí á déanamh ar Scoil Dhún Chaoin.¹⁷

‘Nuachtán Náisiúnta na nGael’ a bhí mar theideal ar an bhfoil-seachán seachtainiúil *Inniu* ar baineadh leas as chun luathbhlianta na gluaiseachta a insint go háirithe. In eagarfhocal a scríobhadh i Nollag 1970 bhí coimeádachas an nuachtáin le brath nuair a caitheadh anuas ar ‘na daoine seo ar fud na tíre a bhíonn ag béicigh, ag máirseáil agus ag déanamh picéad sna sráideanna.’¹⁸ Seachas sin, bhí neart alt ar an Aifreann, Aifreann i nGaeilge, agus staid na Gaeilge agus na gceantar Gaeltachta éagsúla, mar aon le scéalta faoin gcogadh ó thuaidh agus ailt staire ar ghnéithe den náisiúnachas, ar leathanaigh *Inniu* sna 1970í. Bhí scéalta freisin faoi na Bascaigh, na Breatnaigh agus na Briotánaigh. Pléadh freisin an sóisialachas; le tuin dhiúltach de ghnáth.¹⁹ Dealraíonn

15 Anna Green, ‘Can Memory be Collective?’ i *The Oxford Handbook of Oral History* eag. Donald A. Ritchie (Oxford, 2011), 107.

16 Buttimer and Annracháin, “Irish Language and Literature,” 558.

17 *Comhar*, Iúil 1970.

18 *Inniu*, Nollaig 1970, 6.

19 *Ibid.*, 5

sé, ar an bhformhór, gur daoine cráifeacha a bhí mar eagarthóirí agus iriseoirí le *Inniu*. Ní haon iontas é sin mar gurb é Glúin na Buaidhe,²⁰ craobh radacach ach coimeádach de Chonradh na Gaeilge, a bhunaigh an nuachtán an chéad lá.

Ar an eite eile, is cosúil, a bhí an foilseachán *Pobal*. I gcéad eagrán *Pobal* a foilsíodh i Márta na bliana 1970 cuireadh síos ar an iris mar thoradh ar choiste stiúrtha a tháinig le chéile; ‘céimnithe ollscoile ar an gcuid is mó de, tá orainn múinteoir, dochtúir leighis, staraí²¹, fear teanga, eacnamaí, timire agus beirt innealtóirí.’ Míníodh chomh maith go raibh ‘pósta dinn ag tógáil ár gclanna le Gaeilge agus á seoladh ar scoileanna Gaeilge.’ Bhí droim láimhe de sórt tugtha do na Gaeilgeoirí oifigiúla ‘óir nílimid ceangailte le ceann ar bith de na heagraíochtaí (más ann dóibh) ach ag gníomhú ar choistí scoileanna agus a leithéidí.’²²

Bearna sa taighde a d’fhéadfaí a réiteach amach anseo ná an easpa fáil a bhí agam ar fhoinsí na Roinne Oideachais. Agus mé i mbun taighde chuala mé scéalta, ar ráflaí cuid acu i ndáiríre, faoi na cúiseanna nach bhfuil fáil ag an bpobal ar na foinsí sin. I mo thaithí féin ag cur iarratas saorála faisnéise isteach le haghaidh cáipéisí ó na 1990í ar aghaidh níl an córas cabhrach in aon chor. Fiú dá n-éireadh liom teacht ar chomhaid faoin Acht um Shaoráil Faisnéise bhí seans mór nárbh fhiú an tairbhe an trioblóid. Mar a mhínigh an iris *Noteworthy* agus iad sa tóir ar cháipéisí a bhain leis an athchumrú sna scoileanna, nuair a d’éirigh leo cinn a fháil faoin acht bhí cuid mhaith den téacs folaithe agus cuid eile ar fáil go poiblí pé scéal é.²³

Bíodh sin mar atá, d’éirigh liom scéal na Gaelscolaíochta a chur i dtoll a chéile ag baint leasa as na hagallaimh bhéil, tuairiscí nuachtáin, comhaid stáit agus foinsí eile nach iad. Cíortar an scéal sin sna rannóga a leanas. I Rannóg 1 tá blianta tosaigh na gluaiseachta agus mar a chomhdhlúthaigh na coistí neamhspleácha isteach in eagraíocht agus

20 Bhí stair fhaisteach ag Glúin na Buaidhe, cé go raibh scoilt ann in 1942 idir lucht athbheochana a bhí dírithe ar an teanga go príomha agus faisistithe. Bhí Gearóid Ó Cuinneagáin ina cheannasaí ar Ghlúin na Buaidhe an tráth sin. Faisisteach a bhí ann agus é ar dhuine de bhunaitheoirí an ghrúpa fhaistigh, Ailtirí na hAiséirghe.

21 Pádraig Ó Snodaigh, ‘An Snodach,’ is cosúil.

22 *Pobal*, uimh 1, Márta 1970: 2

23 Peter McGuire, “State on a Go-Slow in Moving Primary Education from Majority Catholic Group,” *Noteworthy*, 14 Meitheamh, 2021.

i ngluaiseacht náisiúnta faoi chaibidil. I Rannóga 2 agus a 3, insítear mar a tháinig cruth ní ba ghairmiúla agus ní ba mheasúla ar an eagraíocht Gaelscoileanna agus mar a tháinig borradh ar an ngluaiseacht ó thuaidh agus ó dheas. Sa dá rannóg dheireanacha, Rannóg 4 agus a 5, feictear an tionchar a bhí ag teacht chun cinn ón nualibrálachas mar idé-eolaíocht bhunúsach an stáit ó dheas ar an ngluaiseacht agus na bealaí a ndéanann an meon frith-Ghaelach antoiseach ó thuaidh iarracht an ghaoth a bhaint as seolta na gluaiseachta ansin de shíor. Ar dtús, áfach, is gá an comhthéacs coilíneach sa *longue durée* a chíoradh, óir, i ndeireadh na dála, is freagra é an Ghaelscolaíocht ar an gcoilíneachas agus an t-athrú teanga a tharla dá bharr.

STAIR CHOILÍNEACH NA HÉIREANN

CHEADAIGH AN PÁPA ADRIAN IV ionradh Anraí II Shasana ar Éirinn in 1155 nuair a d'eisigh sé an bulla *Laudabiliter*. In 1171 rinne Strongbow agus na hAngla-Normannaigh ionradh ar Éirinn.²⁴ Go luath i ndiaidh do na hAngla-Normannaigh teacht i dtír, rinneadh bolscaireacht ar son an choilínithe. Ba é Geraldus Cambrenis, nó Gearóid na Breataine Bige, an chéad bolscaire i gcoinne na nGael. Cuireadh na Gaeil i láthair ina scríbhinní ón 12ú haois i dtéarmaí ciníocha.²⁵ Ainneoin an choilínithe, sheas an Ghaeilge an fód, agus dá bharr sin, tugadh isteach Reachtanna Chill Chainnigh in 1366. Mar a deir Mac Ionnrachtaigh faoi na reachtanna, *they were indicative of a concerted policy to eliminate the language that would remain at the heart of the future colonial agenda*.²⁶ Sa séú haois déag tharraing leithéidí Sir Phillip Syndey, John Derricke, Edmund Spenser, Sir John Davies agus tráchtairí eile nach iad ar obair Cambrenis chun beag is fiú a dhéanamh de theanga agus de chultúr na nGael.²⁷ Dhá chéad bliain i ndiaidh Reachtanna Chill Chainnigh, bhí an Ghaeilge fós le cloisteáil laistigh den Pháil agus ní hamháin i mbéal na nGael. Mar a thuairiscigh duine amháin le linn ré Eilís I ó 1558-1603,

24 Robbie McVeigh agus Bill Rolston, *Anois ar Theacht an tSamhraidh: Ireland, Colonialism and the Unfinished Revolution* (Beyond the Pale Books, 2021), 67.

25 McVeigh agus Rolston, *Anois ar Theacht an tSamhraidh*, 74-76.

26 Feargal Mac Ionnrachtaigh, *Language, Resistance and Revival: Republican Prisoners and the Irish Language in the North of Ireland* (Pluto Press, 2013), 58.

27 McVeigh agus Rolston, *Anois ar Theacht an tSamhraidh*, 76.

‘all the English and the most part with delight, yea even in Dublin, speak Irish and are greatly spotted in manners, habit and conditions with Irish stains.’²⁸

Chuir clann ríoga na dTúdar plandálaithe ar bun i ndeisceart agus lár na tíre sa séú haois déag chun seilbh a ghlacadh ar thailte saibhre na dtaoiseach Gaelach a chur faoi chois, agus chun ‘sibhialú’ a dhéanamh ar na Gaeil. D’éirigh Aodh Ó Néill amach i gcoinne an choncais i gCúige Uladh in 1593. Tháinig clabhsúr le Cogadh na Naoi mBliana le briseadh Chath Cionn tSáile in 1601, Conradh Mellifont in 1603, agus Imeacht na nIarlaí in 1607, agus bhí greim míleata ag Sasana ar an tír as sin amach. Mar a áitíonn Maurice Coakley, *‘the New English elite used their military supremacy and their dominance to roll back the power of the Gaelic and Old English lords. Civil law was circumvented to push through dispossession programmes, and the New English elite used the judicial system to accumulate extensive territory.’*²⁹ Chuaigh cúrsaí in olcas do na Gaeil sa seachtú haois déag. I ndiaidh Éirí Amach 1641 agus iad faoi scáth Chónaidhm Cill Chainnigh d’éirigh clanna Gaelic agus clanna na Sean-Ghall amach in éadan na Nua-Shasanach in 1642. Bhí díshealbhuíthe talún agus dlíthe frith-Chaitliceacha ina gcnámh spairne mhór acu. Tháinig Cromail go hÉirinn sa bhliain 1649 chun an t-éirí amach a chur faoi chois. Sna ceithre bliana ina dhiaidh sin thit daonra na tíre 20%. Cuireadh cuid mhaith de na Gaeil go Connachta ina dhiaidh sin agus faoi 1657 ní raibh ach 9% de thalamh na tíre i seilbh na gCaitliceach.³⁰ Tar éis chliseadh na Seacaibíteach sa seachtú haois déag tháinig tuilleadh péindlíthe i bhfeidhm, agus iad mar chrann taca na Cinsealachta Protastúnaí in Éirinn san ochtú haois déag. Cé nár cuireadh cosc ar an nGaeilge go sonrach, rinneadh imeallú ar an teanga le linn na ré seo, tráth a raibh caidreamh sóisialta caipitlíoch ag teacht i réim sa tír.³¹ Laghdaíodh líon lucht labhartha na Gaeilge i ndiaidh 1780 go háirithe ón uair a d’imir an Réabhlóid Tionsclaíochta tionchar in Éirinn. De réir mar a d’athraigh an struchtúr sóisialta agus cúrsaí déimeagrafacha nuair a bhog daoine i dtreo na mbailte ina raibh Béarla á labhairt, d’iompaigh

28 Colm Lennon, *Sixteenth-Century Ireland: the Incomplete Conquest* 2ú leagan (Gill & Macmillan Ltd, 2005), 193.

29 Maurice Coakley, *Ireland in the World Order: a History of Uneven Development* (Pluto Press: 2012), 79.

30 McVeigh agus Rolston, *Anois ar Theacht an tSamhraidh*, 87-90.

31 Mac Ionnrachtaigh, *Language, Resistance and Revival*, 60.

sciar maith ar an mBéarla agus bhí nasc ann as sin amach idir an tuath agus an Ghaeilge.³²

Is fiú ról na hEaglaise Caitlicí in imeallú na Gaeilge a mheas chomh maith. San ochtú haois déag agus de bharr chos ar bolg na bpéindlíthe thit líon shagairt na hEaglaise Caitlicí in Éirinn. Mar aon le teacht chun cinn an dátheangachais, i gceantair uirbeacha agus in oirthear na tíre d'fhorbair *'a trend whereby Irish gradually assumed a less central place in the mission of the church,'* dar le Mac Murchaidh.³³ Luann Mac Ionnrachtaigh go raibh lámh ag an Eaglais faoi dheireadh an ochtú haoise déag agus tráth bunaithe chliarscoil Mhá Nuad in 1795 i gcur chun cinn *'colonial assimilation in the interest of its own survival and enhanced status.'*³⁴ Go deimhin, ina dhiaidh sin, deir Ó Cuív nach raibh fianaise ar bith ann *'that the Irish hierarchy ever planned collectively to ensure that the clergy would be competent in both Irish and English.'* Cé go raibh eisceachtaí áirithe i measc na n-easpag agus na sagart sa naoú haois déag, agus pléann Nicholas Wolf na cásanna sin go mion agus an tuairim aige nach ndearna an Eaglais imeallú láidir ar an nGaeilge, deir Ó Cuív *'the trend nationally and locally was to use English in church affairs—in public prayers, sermons, instructions, notices, inscriptions, church documents, and so on—except in circumstances where Latin would be the normal language.'*³⁵

B'amhlaidh an scéal i saol polaitiúil na hÉireann, fiú i measc cuid mhór náisiúnaithe agus Caitliceach sa naoú haois déag. Ba róchuma le Dónall Ó Conaill faoin nGaeilge a bheith ag dul in éag. In 1833, mhaígh Ó Conaill go raibh sé *'sufficiently utilitarian'* chun nach gcuirfeadh bás na teanga as dó, agus, mar a áitíonn Gearóid Ó Tuathaigh

32 Tom O'Donoghue agus Teresa O'Doherty, *Irish Speakers and Schooling in the Gaeltacht, 1900 to the Present* (Palgrave Macmillan, 2019), 20.

33 Ciarán Mac Murchaidh, 'The Catholic Church, the Irish Mission and the Irish Language in the Eighteenth Century,' i *Irish and English: Essays on the Irish Linguistic and Cultural Frontier, 1600-1900* eag. James Kelly agus Ciarán Mac Murchaidh (Four Courts Press, 2012), 162.

34 Mac Ionnrachtaigh, *Language, Resistance and Revival*, 62.

35 Brian Ó Cuív, 'Irish Language and Literature, 1845-1921,' i *A New History of Ireland VI: Ireland under the Union 1870-1921*, eag. W.E. Vaughn (Oxford University Press, 1989), 392.; Nicholas Wolf, *An Irish-Speaking Ireland: State, Religion, Community, and the Linguistic Landscape in Ireland, 1770-1870*, (University of Wisconsin Press, 2014), 223-267

ba dhiúltú é seo ar na ‘*basic tenets of cultural nationalism*.’³⁶ Mar a deir Alvin Jackson, staráí liobrálach é féin, faoi dul i léig na teanga, ‘*the political direction supplied to Catholic Ireland in the first half of the nineteenth century was... an influence: O’Connell’s emphasis on Catholic opportunity and on upward mobility was at the expense of the Irish language*.’³⁷ Faoin tráth seo, dár le Wolf, mhothaigh sciar maith de mhuintir na hÉireann ‘*a very real indifference, shame, or reticence about the Irish language, and, conversely, a drive to speak English*.’³⁸ Ba gheall le buille marfach eile é bunú na scoileanna náisiúnta an tráth seo chomh maith, in 1831. Níor cheadaigh an Bord Náisiúnta, a stiúir an córas, múineadh trí mheán na Gaeilge nó an teanga a mhúineadh mar ábhar.³⁹ Áitíonn John Coolahan gur cosúil go raibh baill an Bhoird níos faide anonn sa naoú haois déag i gcoinne na Gaeilge agus gur chreid siad gur cur amú ama ab ea múineadh na teanga agus gur céim ar gcúl a bheadh in aon athbheochan.⁴⁰ An toradh a bhí air seo ná gur shealbhaigh na páistí a chuaigh tríd an gcóras an tuiscint go ndearna an Ghaeilge damáiste do shealbhú an Bhéarla, agus lena chois sin, fágadh lorg an náire orthu mar gheall ar an teanga agus an chultúr a chuaigh léi.⁴¹

Tháinig luas faoin gcúlú teanga de bharr an Ghorta Mhóir a mhair ó 1845–52. In 1841 bhí ocht milliún duine ag maireachtáil in Éirinn agus cainteoirí Gaeilge ab ea 1.5 milliún díobh siúd, a bhformhór sna ceantair ba bhoichte in iarthar na tíre. Idir an Gorta agus 1891, thit daonra na tíre go ceithre mhilliún de dheasca an bháis agus an imirce. Mar gheall air sin, thit líon na gcainteoirí Gaeilge síos go leathmhilliún san achar ama céanna.⁴² Is gá, mar sin féin, an Gorta a thuiscint mar chéim eile i bpróiseas an chúlaithe teanga, seachas mar chor cinniúna

36 Gearóid Ó Tuathaigh, “Gaelic Ireland, Popular Politics and Daniel O’Connell,” *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society*, 34 (1974/1975): 23.

37 Alvin Jackson, *Ireland: 1798–1998, War, Peace and Beyond*, 2ú eagr., (Blackwell Publishing, 2010), 83.

38 Wolf, *An Irish-Speaking Ireland*, 49.

39 O’Donoghue agus O’Doherty, *Irish Speakers and Schooling in the Gaeltacht*, 30.

40 John Coolahan, “Education as Cultural Imperialism: The denial of the Irish language to Irish speakers, 1831–1922,” *Education and Ethnicity; Paedagogica Historica* 37, uimh. 1 (2001): *passim*.

41 Mac Ionnrachtaigh, *Language, Resistance and Revival*, 62.

42 O’Donoghue agus O’Doherty, *Irish Speakers and Schooling in the Gaeltacht*, 21.

a sheasann leis féin. Mar a mhíníonn Ó Cuív, ‘*in considering the causes of the decline of Irish between the famine and the end of the union it is necessary to look at the decline against a very varied background. This includes the attitude of the government to the use of the Irish language in various areas of public life, the altered status of the catholic church [sic] after 1829, the economic condition of the majority of the people, and the demographic changes that followed the great famine of the 1845.*’⁴³

Croílár na faidhbe, i ndáiríre, ná an t-íslíú stádais a tugadh don Ghaeilge a bhuí le hidé-eolaíocht an choilínithe agus tionchar geillea-grach an choilíneachais féin, agus ina dhiaidh sin an dul chun cinn sa saol a nascadh leis an gcaipitleachas. In aimsir ionradh Chromail sa seachtú haois déag rinneadh slad ar aicme uirbeach na gceantálaithe agus chuir Sasana srianta ar thrádáil agus déantúsaíocht na hÉireann san aois chéanna agus isteach san ochtú haois déag. Mar a deir Coakley, agus é ag tagairt do thaighde Dennis O’Hearn, ‘*the Irish economic fate needs to be seen in the context of the Atlantic economy as a whole, which turned some regions into underdeveloped peripheries and others into core areas of growth.*’⁴⁴ Bhí patrún den sórt céanna le sonrú in Albain, áit ar fhorbair croílár na réabhlóide tionsclaíocha i gcrios lárnach na tíre ach fágadh na hoileáin agus na Garbhchríocha ina n-áiteanna tuaithe inar cothaíodh an nasc síceolaíochta idir Gaeilge na hAlban agus an t-íslíú céime agus bochtaineacht.⁴⁵ Agus é ag tarraingt ar shaothar Crowley, deir Mac Ionn-rachtaigh, ‘*the increased demand for literacy—in English—and the growing commercialisation of the rural economy contributed to the propagation of the myth that traditional customs were obstacles to survival. That the economic element was central to this campaign was epitomised by the higher pay given to Irish labourers who could speak English.*’⁴⁶

Ag éirí as sin, ba bhuntáiste é dóibh siúd a bhí ag dul ar imirce chun na Breataine, go Meiriceá nó chun na hAstráile, an Béarla a bheith acu. Dá bhfanfadh duine in Éirinn ba riachtanas é an Béarla chun post a bhaint mar mhúinteoir, póilín, státseirbhíseach nó i ndom-

43 Ó Cuív, ‘Irish Language and Literature, 1845-1921,’ 391.

44 Coakley, *Ireland in the World Order*, 82.

45 Paul Meighan-Chiblow, “Languages do not ‘die,’ they are persecuted: A Scottish Gael’s perspective on language ‘loss,’” *Belonging, Identity, Language, Diversity Research Group (BILD)*, 4 Nollaig, 2022.

46 Mac Ionn-rachtaigh, *Language, Resistance and Revival*, 61.

han na tráchtála. D'fhorbair nós i measc na dtuismitheoirí Béarla a labhairt lena bpáistí, fiú dá leanfaidís ar aghaidh ag labhairt Gaeilge i measc na ndaoine fásta, agus laistigh de ghlúin nó dhó d'iompaigh an teanga ón nGaeilge go Béarla. Rud suntasach ab ea an easpa spéise a bhí sa dátheangachas.⁴⁷ Ach ba léir go raibh an nasc síceolaíochta idir an Ghaeilge agus an bhochtaineacht chomh láidir sin i measc sciar den phobal gur motháíodh gur ghá an teanga a chaitheamh i dtraipisí ina iomlán. Mar a scríobh Seán Mac Mathghamhna, ó Dhúlainn, Contae an Chláir, agus é ag scríobh chuig Coimisiúin an Bhéaloidis sna 1930í faoina óige féin sna 1880í:

*that the parents at home fifty years ago discouraged the speaking of Irish in this district is well known. Even the most illiterate of parents imagined their children were all right and fully fit to face the great, strong world if they knew a little broken English... But as for Irish they reckoned it was only a slaves' gibberish.*⁴⁸

Ní nach ionadh go raibh an Ghaeilge ag crapadh i mórchuid na tíre faoi thús an fhichiú haois. Níor fhan sí láidir ach san iarthar in áiteanna imeallacha nach raibh fáil éasca orthu agus, dá réir sin, nach bhféadfadh tionchar seachtrach teangeolaíoch tarlú iontu chomh sciobtha sin. I ndiaidh chuid den tír neamhspleáchas de chineál éigin a bhaint amach in 1922, thug an stát aitheantas do na ceantair seo mar Ghaeltacht in 1926.⁴⁹ I gceantair ina raibh os cionn 80% den daonra agus cumas acu Gaeilge a labhairt glaoth 'Fíor-Ghaeltacht' orthu agus i gceantair ina raibh idir 25 agus 79% de dhaoine a raibh an cumas sin acu glaoth 'Breac-Ghaeltacht' orthu. San iomlán, measadh go raibh thart ar 200,000 duine ina gcónaí sa dá saghas ceantair seo.⁵⁰ Ach ní raibh freagra ag an stát úr ar an titim leanúnach ar líon na gcainteoirí Gaeilge. Ar an gcéad dul síos, is mithid na struchtúir gheilleagracha coilíneacha a raibh fréamhacha doimhne acu sa tír a lua. Mar a deir Gordon Streib, bhí cúrsaí aicmeacha agus srathú sóisialta na sochaí sna Sé Chontae Fichead san fhichiú haois ag brath ar ghnéithe ar leith. I dteannta na

47 Ó Cuív, 'Irish Language and Literature, 1845-1921,' 394.

48 Freagra ceistneora ar an mbata scóir ó Sheán Mac Mathghamhna, Dúlainn, Co. an Chláir, an 24 Márta 1936 (Cartlann Béaloidias Náisiúnta, Coláiste na hOllscoile, BÁC, MS 495), 151-4.

49 Desmond Gillmor, 'Land and People c.1926,' i *A New History of Ireland Volume VII*, eagr. J.R. Hill (Oxford University Press, 2003), 78.

50 Buttimer and Annracháin, "Irish Language and Literature," 558.

ngnéithe sin, bhí forlámhas na Sasanach. Mar a áitíonn sé ‘*the Irish economic system cannot be considered without reference to the twelfth century Norman and later English incursions which eventually led to English political, economic, and domination.*’ Lena ais sin, an réabhlóid a tharla in Éirinn le linn na mblianta 1912-23 in aghaidh an choncais úd, cé go raibh gnéithe láidre den streachailt sóisialta ann, ní réabhlóid aicmeach a bhí ann ar an iomlán ach réabhlóid buirgéseach de dheasca gur fhan ‘*ownership and control of the basic means of production, distribution, and wealth... in the same hands.*’⁵¹ Chaill an taobh ba radacaí, na poblachtaigh frith-Chonartha, an Cogadh Cathartha in 1922-23 agus tháinig rialtas Chumann na nGaedhael i réim le cinnirí coimeádacha amhail Liam Mac Cosgair agus Caoimhghín Ó hUigín. Bhí an coimeádachas céanna le brath i bpolasaí sóisialta na 1920í dá réir.⁵² Tagraíonn Gavin Foster don drogall a bhí ar leithéidí Mhic Chosgair briseadh le nósmaireacht éadaí an choilínithe go fiú. ‘*The early Irish Free State was not the first (former) British colony to harbour a sartorial anxiety to convey prestige and respectability,*’ ar sé, ‘*a similar tendency towards top hats and other elite fashions (even as these items became less fashionable in the imperial centre) has been observed in the habits of early South African political leaders and African-born colonial administrators, which suggest deeper layers of postcolonial status consciousness.*’⁵³ De thoradh an mheoin seo, bhí coda lárnacha de gheilleagar an tSaorstáit fós ceangailte go dlúth leis an mBreatain, mar a mhíníonn McCabe:

At the time of its independence, the Irish Free State was a fully integrated part of the UK economy. Its role within that economy was primarily agricultural, more specifically, the provision of livestock for the finishing farms and slaughterhouses of England... The end of formal political links with Westminster meant that the Free State was now an independent country but without an independent economy. In order to secure its future, it needed to expand its industrial base and develop new markets. For this it needed credit, something that a central bank based around a national currency could provide. The Irish banking system, however, was entirely focused towards the London financial markets and resistant to the development of a national currency subject to democratic oversight and focused on the economic demands of the state. The first banking commission rejected

51 Gordon F. Streib, ‘Social Stratification in the Republic of Ireland: The Horizontal and the Vertical Mosaic,’ *Ethnology* 12, uimh. 3 (1973), 343.

52 Caoimhghín Ó Croidheáin, *Language From Below: the Irish Language, Ideology and Power in 20th-Century Ireland* (Peter Lang, 2006), 169.

53 Gavin Foster, *The Irish Civil War and Society: Politics, Class, and Conflict* (Palgrave Macmillan, 2015), 109.

*outright any move towards fiscal independence and Irish parliamentary control.*⁵⁴

I dtéarmaí institiúidí an stáit úir, bhí tionchar ag an nasc leanúnach seo idir an stát agus an Bhreatain, nó ‘*its fidelity to British administrative models*,’ ar mheon na státseirbhíse dár le J.J. Lee. ‘*Adherence to the model*,’ ar sé, ‘*dominated mentalities as well as institutional structures*.’⁵⁵ Bhí an coimeádachas agus an leanúnachas seo le brath, mar a mhaíonn Ó Croidheáin, ‘*in the lack of a radical social policy to deal with poverty in the Gaeltachtaí and city slums during the 1920s*.’⁵⁶ Do lucht labhartha na Gaeilge, dár le hÓ Giollagáin agus Péterváry, bhí polasaí teanga faoi anáil meoin ‘nach bhfuil airdeallach ar phobal urlabhra,’ agus é ‘fréamhaithe go pointe sa dearcadh agus sa mhodh oibre a bhí i réim i measc lucht ceannais tar éis bhunú an Stáit.’⁵⁷ Tionchar eile an choilíneachais, dár le Brown, ná gur pléadh mórcheisteannta intleachtúla i dtéarmaí an chultúir agus an náisiúin seachas i dtéarmaí eolaíoch a raibh a mbunús le fáil i traidisiún sóisialach. ‘*For decades*,’ ar sé, ‘*such issues as the decline of the Irish language were most frequently discussed in terms of culture and nationality, without any serious effort to challenge an economic order which allowed the haemorrhage of emigration from Irish speaking districts to flow unabated for forty years*.’⁵⁸

COMHTHÉACS STAIRIÚIL NA GAELSCOLAÍOCHTA IN ÉIRINN C.1900—1970

ÓN AM A BUNAÍODH Conradh na Gaeilge in 1893 chuir an eagraíocht tionscadail agus feachtais Ghaeilge agus ar mhaithe leis an nGaeilge sa chóras oideachais ar bun. Faoi 1904 bhí 30% de dhaltáí a thug faoi scrúduithe ag an dara leibhéal ag déanamh staidéar ar an nGaeilge mar ábhar, agus faoi 1908 thairg leath na scoileanna dara leibhéal sa tír an teanga mar ábhar. D’éirigh leis an gConradh ábhar éigeantach a

54 Conor McCabe, *Sins of the Father: the Decisions that Shaped the Irish Economy* (The History Press Ireland, 2011), 202.

55 J.J. Lee, *Ireland, 1912–1985: Politics and Society*, 2ú eag. (Cambridge University Press, 1990), 92.

56 Ó Croidheáin, *Language From Below*, 169.

57 Ó Giollagáin agus Péterváry, “An Pobal Gaelach agus an Stát Éireannach,” 23.

58 Terence Brown, *Ireland: a Social and Cultural History 1922–2002* (HarperCollins, 2003), 43.

dhéanamh den Ghaeilge le pas a fháil sna scrúduithe chun máithreánú sna hollscoileanna a bhí faoi chúram Ollscoil Náisiúnta na hÉireann in 1908. In 1904, de bharr fheachtasaíocht an Chonartha, rinne an Bord Náisiúnta Oideachais Clár Teagaisc Dhátheangaigh a fhaomhadh. Cuireadh an clár sin i bhfeidhm i scoileanna i gceantair ina raibh páistí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga agus i gceantair ina raibh sciar maith den phobal dátheangach.⁵⁹ Thacaigh an Bord Náisiúnta leis an gclár agus i gceantar ina raibh an Ghaeilge láidir bhí tacaíocht ón gcléir, ach ba iad na tuismitheoirí i go leor ceantair nár thacaigh leis de bharr na hidé-eolaíochta teanga a bhí acu agus an tuiscint go ndéanadh clár dátheangach dochar do shealbhú an Bhéarla—teanga a bhí riachtanach dá mbeifeá ag dul ar imirce.⁶⁰ De dheasca gníomhaíochta an Chonartha an tráth seo thug an Bord Náisiúnta Oideachais aitheantas do na Coláistí Oilíúna a thug oiliúint i múineadh trí mheán na Gaeilge in 1904.⁶¹ Mar a bhaineann sé leis an nGaelscolaíocht go sonrach, agus cé nár glaodh ‘Gaelscoil’ air ag an am, ba chor cinniúnach é bunú Scoil Éanna in 1908 áit ar chuir Pádraig Mac Piarais clár dátheangach i bhfeidhm.⁶² Bhunaigh na deirfiúracha Níe Suibhne, Eithne agus Máire, Ard Scoil Íte ina dhiaidh sin in 1916.⁶³ Agus, ina dhiaidh sin, bunaíodh Scoil Bhríde i mBaile Átha Cliath in 1917 ar a raibh Louise Gavan Duffy, de shliocht Charles Gavan Duffy na nÉireannach Óg, i bhfeighil ar feadh na blianta agus atá fós ar an bhfód.⁶⁴

I dtús a luath-shaolré b’fhir a bhí chun cinn sa Chonradh, ach de réir mar a d’fhás an eagraíocht bhí níos mó ionadaíocht bhaineann ann.⁶⁵ Eagraíocht neamhsheicteach a bhí ann chomh maith agus i

59 O’Donoghue agus O’Doherty, *Irish Speakers and Schooling in the Gaeltacht*, 43-44.

60 *Ibid.*, 69.

61 Brian Ó Conchubhair, ‘The Gaelic League and Irish Ireland,’ i *The Cambridge History of Ireland: volume IV, 1880 to the Present*, eag. Thomas Bartlett (Cambridge University Press, 2018) 205.

62 Norman Atkinson, ‘The educational ideas of Patrick Pearse, 1879-1916,’ *Comparative Education Review* 11, uimh. 1 (1967), 70-71.

63 Ard Scoil Íte c.1927, *passim*.

64 Páipéir ar Scoil Bhríde.

65 Timothy G. McMahon, ‘“All Creeds and All Classes”?: Just Who Made Up the Gaelic League?’, *Éire-Ireland* 37, uimh. 3&4 (2002), 134.

mBéal Feirste, mar shampla, cathair a raibh deighilt phobail ag fás inti an tráth seo, cuireadh fáilte roimh bhaill ó chúlraí reiligiúin éagsúla.⁶⁶ Maidir leis an gcomhdhéanamh aicmeach, deir Ó Cuív go raibh ionadaíocht leathan sna liostaí luatha ballraíochta a léirigh *‘that bishops, priests, protestant clergymen, M.P.s, lawyers, journalists, teachers, students, civil servants, post office workers, soldiers, policemen, tradesmen, and labourers had joined.’*⁶⁷ Chuaigh timirí an Chonartha go gach cearn den tír ón mbliain 1898 ar aghaidh agus é mar aidhm acu tacaíocht a lorg ón meánaicme; an chlér, daoine proifisiúnta, ceantálaithe, agus daoine aitheanta eile i ngach ceantar. De ghnáth, nuair a thacaigh na sagairt áitiúla leis an eagraíocht ba mhó seans go n-éireodh níos fearr léi.⁶⁸ Léiríonn McMahon go raibh bainisteoirí, daoine proifisiúnta, fostóirí agus sagairt go mór sa treis san eagraíocht in 1899. B’ionann iad agus 45% den ballraíocht. Bíodh sin mar atá, bhí cohórt mór ann, 55%, den íseal-mheánaicme, lena n-áirítear lucht ceirde, clérigh, státseirbhísigh, múinteoirí, agus lucht siopaí, agus ní daoine compordacha a bhí iontu siúd uile.⁶⁹ Mar sin féin léiríonn sé seo, arsa McMahon, *‘that in large urban areas the Gaelic League was, as it has been portrayed, an organization made up almost exclusively of middle-class men and women, many of whom were striving (with some apparent success) to be upwardly mobile.’*⁷⁰

Ar an taobh eile de, ba mhór an dealramh idir cinnirí an Chonartha agus na gnáthbhaill agus idir comhdhéanamh an Chonartha roimh 1900 agus ina dhiaidh. De réir mar a leathnaigh craobhacha an Chonartha ó chraobh amháin lárnach in 1899 go ceithre chraobh is caoga faoi 1903 tháinig cuma éagsúil ar chomhdhéanamh na heagraíochta agus earcaíodh tuilleadh baill den lucht oibre. *‘Just as branches appeared in the more affluent townships of Rathmines and Foxrock,’* arsa McMahon, *‘so too branches sprouted up in the heart of the Liberties (the home of the city’s declining silk industry), near Blackhall Place (the seat of metalworking), and in Inchicore (with three branches), where the Great Southern and Western Railway*

66 *Ibid.*, 143.

67 Ó Cuív, ‘Irish Language and Literature, 1845-1921,’ 404.

68 Colm Ó Cearúil, *Aspail ar son na Gaeilge timirí Chonradh na Gaeilge 1899-1923*, (Conradh na Gaeilge, 1995), 11, 30.

69 McMahon, “‘All Creeds and All Classes’?: Just Who Made Up the Gaelic League?,” 139-140.

70 *Ibid.*, 147-9.

*plant employed more than 1,200 people by the 1870s. In all likelihood most members in every one of these branches would have come from the working classes.*⁷¹ Bheadh cruth den sórt céanna ar ghluaiseachtaí Gaeilge, gluaiseacht na Gaelscolaíochta san áireamh, a tháinig chun cinn ar ball.

Faoi 1919, bhí cúrsaí polaitiúla tar éis athrú go mór ó thús na haoise. An bhliain sin chuir an Chéad Dáil Aireacht na Gaeilge ar bun. De réir mar a tháinig an stát nua in inmhe, d'fhéadfadh Conradh na Gaeilge a bheith réasúnta cinnte go gcuirfí a bheartais oideachais i bhfeidhm agus go dtabharfaí tosaíocht don athbheochan. I bhfógra a d'eisigh an rialtas ag cur síos ar an dul chun cinn a bhí déanta faoi 1924, i dteannta nithe faoin bhfeirmeoireacht, rátaí, leictreachas, iarnróid, bhí an ráiteas seo a leanas:

*The Organisation and the Government are pledged to coordinate, democratize and Gaelicize our education. In each of these aims great progress has already been made. It is now possible for the child of the poorest parents to pass from one end of the educational ladder to the other, and the Irish language has been restored to its own place in Irish education. In addition, the condition of that important class, the Secondary Teachers, has been improved. The Organisation and Government intend to devote special attention to the problem of safeguarding the Language in the Gaeltacht by improving economic conditions in the Gaeltacht and developing Educational Institutions therein.*⁷²

Is tagairt é an daonlathú sa sliocht don chinneadh fáil réidh leis na coimisiúin oideachais náisiúnta do bhunscoileanna agus idirmheánach do mheánscoileanna, agus státseirbhísigh a chur ina n-áit. Mar a deir Brown, b'ionann an cinneadh sin agus '*substituting for an academic and professional oligarchy, an unfettered bureaucracy*.' Seachas mionathruithe a bhain le cúrsaí íocaíochta agus maoinithe sa chóras oideachais níor tharla athrú suntasach. '*The claims that the Irish education system was being democratized ring rather hollow*,' ar sé. Fadhb bhunúsach é an leanúnachas sa chóras, '*for the state was content to maintain almost the entire educational structure bequeathed to it by the imperial authorities with its class-conscious, religiously managed secondary schools, its technical sphere generally thought socially inferior to the more academic institutions, and its universities almost the sole preserve of students from propertied or professional backgrounds*.'⁷³ Aontaíonn Akenson leis an tátal céanna, gur chloígh an rialtas le seanmhúnláí na Breataine tríd

71 Ibid.

72 Brown, *Ireland: a Social and Cultural History 1922-2002*, 23.

73 Ibid., 23.

is tríd. ‘*As far as the structure, as distinct from the content, of education was concerned,*’ a deir Akenson, ‘*the Irish revolution was less a revolution than a change of management.*’⁷⁴ Cuireadh béim ar an nGaeilge sa chóras oideachais. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile cruthaíodh catagóir nua de réir rialacha agus chlár 1924. Sna scoileanna ‘A’ múineadh gach ábhar trí mheán na Gaeilge, sna scoileanna ‘B’ múineadh cuid de na hábhair trí mheán na Gaeilge, agus múineadh an Ghaeilge féin mar ábhar sna scoileanna ‘C.’⁷⁵ An bhéim a bhí sa chóras oideachais as sin amach ba bhéim ar an náisiún é seachas ar an bpáiste. Ba bhuntáiste sealbhú na Gaeilge don pháiste, gan aon agó, ach níorbh é sin tosaíocht an pholasaí. Tosaíocht an pholasaí ab ea dúshraith láidir féiniúlachta cultúrtha agus polaitiúla an stáit nua.⁷⁶ Bheadh impleachtaí ag an gcur chuige sin ar dhearcthaí i leith na teanga as sin go ceann leathchéad bhliain eile ar a laghad.

Ceann de na tionchair ba mhó a d’éirigh as an tréimhse seo ná go ndeachaigh cumhacht na hEaglaise Caitlicí i méid i ndiaidh an Chogaidh Chathartha. Chuir sé seo go mór le coimeádachas an chórais oideachais, dár le Akenson.⁷⁷ Mar a dúirt an Conghaileach tháinig dhá stát sheicteacha, nó a ‘*carnival of reaction,*’ i réim ar dhá thaobh na teorann.⁷⁸ Bhain an chríochdheighilt as an áireamh na Protastúnaigh a thabharfadh dúshlán smacht na hEaglaise Caitlicí. Agus threisigh cumhacht na hEaglaise de bharr na comhghuaillíochta idir an institiúid sin agus rialtas an tSaorstáit. Anuas air sin, ba mhó an chluas éisteachta a fuair grúpaí stocaireachta—an Eaglais Chaitliceach ina measc—sa stát nua ná mar a fuarthas faoi réimeas na Breataine. ‘*By and large the leaders of the main churches in the Free State were satisfied with the existing educational arrangements,*’ a deir Akenson, ‘*for local management of national and intermediate schools was almost entirely in religious hands.*’⁷⁹ Bhí rialtas Cumann na nGaedheal fíor-choimeádach agus drogall air roimh an nuálaíocht. Ag

74 D. H. Akenson, Sean Farren, and John Coolahan, ‘Pre-university education, 1921–84,’ i *A New History of Ireland Volume VII: Ireland 1921–84*, eagr. J. R. Hill, (Oxford Academic, 2003), 720.

75 John Coolahan, *Towards the Era of Lifelong Learning: a History of Irish Education, 1800–2016* (Institute of Public Administration, 2017), 35.

76 Akenson et al, ‘Pre-university education, 1921–84,’ 727.

77 *Ibid.*, 721

78 *Irish Worker*, 14 Márta 1914.

79 Akenson et al, ‘Pre-university education, 1921–84,’ 721–22.

leibhéal na n-iar-bhunscoile bhí freasúra ón Eaglais roimh an ngairmoideachas in ainneoin reachtaíocht a achtaíodh ar an ábhar in 1930 agus níor fhreastail ach mionlach bídeach ar na hiar-bhunscoileanna. Ar an iomlán, a mhaíonn O’Halpin ‘*education was viewed as a public cost, not as an investment; as an unavoidable obligation of statehood, rather than as a means of social change and economic modernisation.*’⁸⁰

Chinntigh greim Fhianna Fáil ar chumhacht an stáit ó 1932 ar aghaidh go raibh leanúnachas i bpolasaí oideachais an stáit, go háirithe le linn na mblianta a raibh Tomás Ó Deirg ina Aire Oideachais ó 1932 go dtí 1948.⁸¹ Mar a bhaineann sé leis an nGaeilge, d’fhás líon na scoileanna a mhúin trí mheán na Gaeilge ó na 1920í go dtí na 1940í. Faoi thús na 1940í bhí 55% de scoileanna an stáit, ag an mbunleibhéal agus ag an meánleibhéal, ag múineadh trí mheán na Gaeilge go hiomlán nó i gcuid de na hábhair a bhí á múineadh.⁸² Ag an meánleibhéal go sonrach faoi 1935 bhí 56 % d’iar-bhunscoileanna an stáit sna catagóir ‘A’ nó ‘B.’⁸³ Cé is moite de na scoileanna a bhí ann faoi réimeas na Breataine a ndearnadh ‘Gaelú’ de chineálacha éagsúla orthu, bunaíodh dornán scoileanna lán-Ghaeilge an tráth sin, a raibh an Ghaeilge ina gcroílár ón tús agus a d’fhan láidir iontu. Áirítear anseo leithéidí Scoil Mhuire (do chailíní agus do bhuachaillí sna naíonáin) agus Scoil Cholmcille do bhuachaillí i mBaile Átha Cliath a bhí faoi choimirce na Roinne Oideachais.⁸⁴ I nGaillimh bunaíodh Scoil Fhursa, scoil chomhoideachais i gCathair na Gaillimhe, a d’fheidhmigh trí mheán na Gaeilge in 1933. I gcás Scoil Fhursa, ba é an chraobh áitiúil de Chonradh na Gaeilge i nGaillimh a d’éiligh an scoil ón Roinn Oideachais trí fheachtas litreacha ó na 1920í deireanacha ar aghaidh. Amhail na scoileanna lán-Ghaeilge san ardcathair ba é an tAire Oideachais pátrún na scoile.⁸⁵ Mar aon leis na

80 Eunan O’Halpin, ‘Politics and the State, 1922–32,’ i *A New History of Ireland VII*, eag. J. R. Hill, (Oxford Academic, 2010), 117.

81 Thomas Walsh, *Primary Education in Ireland, 1897-1990: Curriculum and Context* (Peter Lang, 2012), 87.

82 Gearóid Ó Tuathaigh, ‘The State and the Irish Language: an Historical Perspective,’ i *A New View of the Irish Language*, eag. Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh, (Cois Life, 2008), 29.

83 Coolahan, *Towards the Era of Lifelong Learning*, 35.

84 *Irish Times*, 26 Meitheamh 2023.

85 Cáit Ní Riordáin, *Bhí mé i Scoil Fhursa* (Bungalow Press, 1988), 23-37.

scoileanna lán-Ghaeilge i Luimneach agus Corcaigh a bunaíodh ar ball, ba i seanfhoirgneamh modhscoile a bhí Scoil Fhursa, agus is cosúil gurb é seo an fáth gur tugadh an t-ainm na ‘modhscoileanna’ ar an gcineál seo scoile lán-Ghaeilge. B’eisceacht iad i ndáiríre. Tríd is tríd, bhí rath áiríthe ar Ghaelú an chórais oideachais. I dtéarmaí líon na gcainteoirí Gaeilge ba é 17.7% an figiúr don tír iomlán in 1911. Sna Sé Chontae Fichead d’ardaigh an figiúr sin de réir a chéile, mar seo a leanas: 1926 (19.3%); 1936 (23.7%); 1946 (21.2%) agus 1961 (27.2%). Ach cé go raibh dul chun cinn á dhéanamh i measc an daonra a raibh an Ghaeilge mar an dara teanga sealbhaithe acu, bhí cúlú leanúnach ag tarlú i measc phobail na Gaeltachta a labhair ar bhonn laethúil í.⁸⁶

Chun an tarcaisne a chur i gceann na héagóra bhí an córas oideachais ‘Gaelaithe’ ag creimeadh ón taobh istigh ón tús de bharr nár tugadh na hacmhainní cuí dó. In éagmais deiseanna úsáide sa tsochaí níor leor na cúrsaí samhraidh gearra a cuireadh ar bun sna 1920í chun go sealbhódh 12,000 múinteoirí an Ghaeilge, nuair nach raibh an teanga ag a fhormhór cheana.⁸⁷ Is é argóint Adrian Kelly ná gur theip ar athbheochan na Gaeilge mar gur bunaíodh é ar na scoileanna go príomha agus, sa mhullach air sin, tugadh tosaíocht don idé-eolaíocht náisiúnach chun dochair don phragmatachas agus don oideolaíocht.⁸⁸ Cuireann Thomas Walsh cuid den mhilleáin seo ar chur chuige leithéidí Chonradh na Gaeilge ag an am. Léirigh paimfléid de chuid an Chonarth, *You may Revive the Irish Language—The Problem and the State*, gur sprioc a bhí ann an Béarla a dhíbirt. ‘*So must the change back to an Irish-speaking Ireland mark the ultimate destruction of English in Ireland inevitable... English came, Irish went. If Irish is to come, English must go.*’ Ach, mar a áitíonn Walsh, ‘*the linking of the restoration of Irish to dispensing with English caused much unease, particularly among parents, who saw the social and economic necessity of high attainment in the English language.*’⁸⁹ I bhfianaise an mhéid a dúradh faoin meon coilíneach thuas agus gradam an Bhéarla, is cosúil nach raibh léamh cruinn ag cuid de ghníomhaithe teanga na linne ar mheon sciár maith de phobal an stáit a bhí tugtha don Bhéarla. Ach is tréith é

86 Akenson et al, ‘Pre-university education, 1921–84,’ 730.

87 Walsh, *Primary Education in Ireland, 1897-1990*, 115.

88 Adrian Kelly, *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland, 1870s-1970s* (Irish Academic Press, 2002), 134-35.

89 Walsh, *Primary Education in Ireland, 1897-1990*, 108.

an díograis seo i leith na dteangacha dúchasacha a fheictear i stáit iarchoilíneacha eile.⁹⁰ Agus, de ghnáth, ní raibh an tsochtheangeolaíocht forbartha a dhóthain nuair a glacadh leis na polasaithe seo.

I ndiaidh an iomláin, chruthaigh an coimeádachas agus an easpa dul chun cinn sa chóras oideachais, agus leis an nGaeilge go háirithe, freasúra i measc na múinteoirí.⁹¹ Tháinig borradh ar an gcáineadh ó mhúinteoirí faoin tionchar ar pháistí ó theaghligh ina labhraíti Béarla a chur ag foghlaim trí mheán na Gaeilge de réir mar a foilsíodh taighde ar shíceolaíocht páistí.⁹² Agus bhí béim na Roinne Oideachais ar an nGaeilge scríofa chun dochair do scileanna cainte ag cur in aghaidh shealbhú na teanga chomh maith.⁹³ Ceistíodh an polasaí múineadh trí mheán na Gaeilge go sonrach, mar a rinne Cumann Múinteoirí Éireann in 1941 nuair a d'fhoilsigh an eagraíocht tuarascáil a léirigh míshástacht go leor de bhaill na heagraíochta faoin bpolasaí.⁹⁴ Bhain comhthéacs ábharaíocht leis an easpa meanman a ghin an tuairisc chéanna. Rinneadh ciorrú 10% ar phá múinteoirí in 1923, cuireadh cosc ar mhná pósta poist mar mhúinteoirí a ghlacadh ó 1934 ar aghaidh, agus b'éigean do mhná dul ar scor óna bpoist mhúinteora go luath ó 1938.⁹⁵ Bhí leithéidí Ó Deirg agus De Valera, mar atá ráite ag Ó Tuathaigh, 'ag seanmóireacht gan stad faoi thábhacht na teanga.' Níorbh iontas é mar sin 'gur éirigh roinnt mhaith múinteoirí bréan ar fad den síor-ghríosadh seo ó Airí... nach raibh sásta aird ar bith a thabhairt ar na gearáin agus na moltaí a bhí acu faoi ghnéithe eile den chóras oideachais.'⁹⁶ Sa mhullach air sin, maíonn Thomas Walsh gur beag tionchar ón dtaobh amuigh i dtéarmaí na fealsúnachta oideachais a imríodh ar stát na hÉireann i lár an fichiú haois. Murab ionann agus tíortha eile go hidirnáisiúnta an

90 Karen Hulstaert, "French and the school are one"—the role of French in postcolonial Congolese education: memories of pupils, *Paedagogica Historica* 54, uimh. 6 (2018), 824.

91 Coolahan, *Towards the Era of Lifelong Learning*, 35.

92 Buttimer and Annracháin, "Irish Language and Literature," 565.

93 Coolahan, *Towards the Era of Lifelong Learning*, 35.

94 O'Donoghue agus O'Doherty, *Irish Speakers and Schooling in the Gaeltacht*, 98-99.

95 Gearóid Ó Tuathaigh, 'An Stát, an Féiniúlacht (sic) Náisiúnta agus an Teanga: Cás na hÉireann,' i *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithe*, eag. Breandán Mac Cormaic, (Coiscéim, 2011), 83.

tráth sin, níor braitheadh smaointeoireacht leithéidí Dewey ná Montessori in Éirinn.⁹⁶ Ach ba é bun agus barr an scéil, mar a áitíonn Adrian Kelly, ná go raibh lúb ar lár ag croílár pholasaí teanga an stáit:

*economics was not recognised as an agent of linguistic change by the Free State government, and the idea that the schools alone had brought about the use of English as a vernacular was the central premise on which the whole revival effort of the independent Irish state was based. The philosophy of the revival movement was founded on an incorrect assumption that if English had replaced Irish as the language of the country primarily because of an anglicised education system, then the reverse could be brought about by a native government.*⁹⁷

Tharla athmhachnamh ar pholasaí an ‘Ghaelaithe’ sna scoileanna ón mbliain 1948 ar aghaidh agus ba é Richard Mulcahy, Fine Gael, a thiomáin an próiseas. Ní úsáidí an méid céanna Gaeilge i ranganna na naíonáin as sin amach agus bunaíodh Comhairle an Oideachais chun athbhreithniú a dhéanamh ar churaclam na scoileanna náisiúnta. D’admhaigh De Valera fiú ag Ard-Fheis Fhianna Fáil in 1952 go raibh an t-am tagtha chun smaoineamh in athuair ar ‘*our standards and methods*.’ Ina dhiaidh sin thosaigh líon na scoileanna náisiúnta a mhúin go hiomlán trí mheán na Gaeilge ag titim ón mbuaicphointe de 12% a baineadh amach in 1945.⁹⁸ Ag leibhéal na meánscoile, as na sé cinn is caoga a bhí i gcatagóir ‘A’ nó ‘B,’ faoi 1956 bhí cúlú 8% tagtha ar an bhfigiúr sin. Deir Coolahan gur bac mór i ndul chun cinn na Gaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile ná easpa téacsleabhar in ainneoin bhunú an Ghúim in 1926.⁹⁹ Sna 1950í agus 60í threisigh an cúlú. Lasmuigh den Ghaeltacht faoi 1961 ní raibh ach 183 scoil ag múineadh go hiomlán trí mheán na Gaeilge, a bhformhór ar imeall na Gaeltachta.¹⁰⁰

Ré nua i bpolasaí oideachais agus polasaí stáit a bhí sna 1960í, ábhar a bheas á chíoradh i Rannóg 1. Ach is fiú cuid de na mórathruithe a lua anseo. Chuir T.K. Whitaker an *First Programme for Economic Expansion 1958* sa siúl, a d’athraigh an geilleagar ó bhonn. Áitíonn Mac Síomóin gur tharla coilíniú de shaghas eile sna 1960í, ‘nuair a osclaíodh geilleagar rachmasach marbhánta... don chaipiteal idirnáisiúnta.’ Níor

96 Walsh, *Primary Education in Ireland, 1897-1990*, 90.

97 Kelly, *Compulsory Irish*, 5.

98 Buttimer and Annracháin, “Irish Language and Literature,” 565.

99 Coolahan, *Towards the Era of Lifelong Learning*, 35.

100 Buttimer and Annracháin, “Irish Language and Literature,” 565.

fhéad, ar sé, ‘an oscailteacht nua don saol nua-aimseartha taobh amuigh de na críocha náisiúnta gan craithheadh bunúsach a bhaint as pobal a bhí cuibhrithe fós ag luacha an tseanchoilínithe.’¹⁰¹ Ba chomhartha ar ré nua i bhFianna Fáil é teacht chun cinn Sheáin Lemass agus De Valera ag dul in aois. Cé nár éirigh le polasaithe De Valera an Ghaeilge a thabhairt slán de bharr nach raibh siad radacach go leor, ní fhéadfaí a rá nach raibh cion aige ar an teanga. I gcás Lemass, níor shealbhaigh sé an Ghaeilge ariamh agus an tsuim ba mhó aige ná cúrsaí eacnamaíochta agus riaracháin.¹⁰² Mar a deir Hugh Rowland, ‘de réir na físe a bhí ag Lemass, ba ghá an geilleagar mar aon leis an gcóras oideachais a chur in oiriúint do riachtanais na forbartha agus an ghnó, go mór mór i bhfianaise gur socraíodh an Comhaontú Saorthrádála idir Éire agus an Bhreatain i 1965.’ Ba athrú suntasach é an Páipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge a foilsíodh in 1965, rud a d’fhógair ‘an dátheangachas (seachas athréimniú na Gaeilge) a bheith ina bhunaidhm ag an Stát feasta.’¹⁰³

Murab ionann agus na 1950í, arsa Thomas Walsh, ‘*the 1960s were characterised by dramatic social changes in Ireland, and in no place was this expansion and initiative more evident than in the education system.*’¹⁰⁴ Ach ba dhearcadh úr é seo a bhí chun dochair don Ghaeilge sa chóras céanna. Ón am ar bunaíodh iad sna 1920í bhí an Roinn Airgeadais ag cáineadh na gColáistí Ullmhúcháin a thug Gaeilge do mhúinteoirí de bharr an chostais. In 1961 cinneadh iad a dhúnadh de réir a chéile, rud a chruthaigh deacrachtaí sa soláthar múinteoirí agus líon na mac léinn a bhí ar chúrsaí ollscoile a d’fheidhmigh trí mheán na Gaeilge.¹⁰⁵ Cuireadh deireadh ag tús na 1960í leis an gcéim a bhronnadh a rialaigh go raibh inniúlacht sa Ghaeilge ag múinteoir. Ina leaba sin rinneadh tástáil ar mhúinteoirí ar leibhéal a n-inniúlachta teanga cúig bliana i

101 Tomás Mac Síomóin, ‘Nua-Éireannachas: Namhad don Ghaeilge,’ *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Dombandaithe*, eag. Breandán Mac Cormaic, (Coiscéim, 2011), 244.

102 J. H. Whyte, ‘Ireland, 1966-82,’ i *The Course of Irish History*, 4ú heagrán, eag. Theodore W. Moody agus Francis X. Martin, (Mercier Press, 2001), 302.

103 Hugh Rowland, ‘An choimhlint idé-eolaíochta idir Misneach agus an LFM le linn chomóradh 50 bliain an Éirí Amach,’ *CombarTaighde* 2 (2016), 12-13.

104 Walsh, *Primary Education in Ireland, 1897-1990*, 91.

105 Buttimer and Annracháin, “Irish Language and Literature,” 565.

ndiaidh dóibh a gcéim a bhaint amach.¹⁰⁶ Tógadh isteach modhanna nua oideolaíochta don Ghaeilge sna 1960í ach faoi lár na 1970í ní raibh oiliúint ar bith curtha ar fhorhóir na múinteoirí sna modhanna sin.¹⁰⁷ Ba ré chinniúnach don Ghaeltacht na 1960í chomh maith, i dtuairim an tsochtheangeolaí Pádraig Ó Riagáin. De réir mar a d'fhorbair an geilleagar tionsclaíochta, thosaigh muintir na Gaeltachta ag taisteal chuig na bailte chun oibre. Tharla athruithe san fhostaíocht, oideachas, siopadóireacht agus caitheamh aimsire a spreag ‘a major transformation of social-network patterns in the Gaeltacht which intensified the frequency of interactions between Irish-speakers and English-speakers.’¹⁰⁸

Go hiorónta, fad is a bhí cúlú ón athbheochan ag tarlú agus an Ghaeltacht ag creimeadh, bhí an tsochtheangeolaíocht á hionramháil sa chóras stáit níos mó ná mar a bhí ariamh. Bhuail Comhairle na Gaeilge le chéile den chéad uair in 1969 chun polasaithe don Ghaeilge, agus don oideachas trí mheán na Gaeilge, a fhorbairt ar bhonn socht-heangeolaíochta. Tháinig baill na Comhairle ó réimsí éagsúla den tsochaí agus den stát. Ach ní raibh aon cheangal reachtúil ar an rialtas glacadh le moltaí na Comhairle, mar a mhíníonn John Walsh; ‘the government was only prepared to go so far in its newfound interest in the language sciences and was reluctant to tie itself to permanent structures that would have real influence over policy formulation and implementation.’¹⁰⁹ Ainneoin na heaspa cumhachta, is cosúil gur chruthaigh an Chomhairle comhthéacs áirithe do theacht chun cinn grúpaí abhcóideachta Gaelscolaíochta a bheadh ag plé go díreach leis an stát sna 1970í mar gheall ar an mbéim a leag an eagraíocht ar an tumoideachas.¹¹⁰ Ach bheadh ar na grúpaí sin dul in adharca le stát a bhí ag tabhairt droim láimhe d’athbheochan na Gaeilge mar a áitíonn Ó Tuathaigh; ‘so far as language policy is concerned, the

106 Colman L. Ó hUallacháin, ‘Languages of Instruction in Ireland 1904–1977,’ *International Review of Education/Internationale Zeitschrift für Erziehungswissenschaft/Revue Internationale de l’Education* 24, uimh. 4 (1978), 505.

107 Buttimer and Annracháin, “Irish Language and Literature,” 565.

108 Pádraig Ó Riagáin, ‘Irish Language Policy 1922–2007: Balancing Maintenance and Revival,’ i *A New View of the Irish Language*, eag. Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh, (Cois Life, 2008), 57.

109 John Walsh, *One Hundred Years of Irish Language Policy, 1922–2022* (Peter Lang, 2022), 189.

110 *Ibid.*, 190.

*evangelical impulse of the “revival” decades was being replaced by the state’s understanding of itself and its services as functioning in a predominantly market-place environment.*¹¹¹

An toradh a bhí air seo ná gur lean an cúlú ón nGaeilge sna scoileanna náisiúnta a d’fheidhmigh trí mheán an Bhéarla sna 1970í. Thit caighdeán na Gaeilge labhartha agus scileanna éisteachta daltaí sa stáit. Áitíonn Harris go bhfuil baol aige seo don athbheochan trí chéile, óir foghlaimíonn formhór na ndaltaí a gcuid Gaeilge sna scoileanna sin agus ‘any state of affairs which results in substantial numbers abandoning the study of Irish at either primary or post-primary level... is a threat to the whole attitudinal basis for the national revitalization campaign.’¹¹² Cháin an tAthair Colmán Ó hUallacháin, iarcheannasaí Institiúid Teangeolaíochta na hÉireann, an Roinn Oideachais as an deis a thapú an Ghaeilge a imeallú sa chóras sna 1970í:

*It is certain that the decline of instruction through the Irish language and through both Irish and English is not due to any informed policy decision based on a comprehensive scientific assessment of what has been going on inside and outside the schools. No such basis for a change of policy has been made available at any stage. For the present one can only put forward as an hypothesis that, among many factors influencing decline, not the least was the unannounced withdrawal of active support for the effort on the part of influential administrators in the Department of Education. It would appear that they prudently adjusted to what they perceived as a decrease in the social and political status of the Irish language. Certainly, popular, political and scholarly support for the weaker language is at present inadequate to counterbalance planning for Irish language euthanasia.*¹¹³

Ó thuaidh, i ndiaidh na críochdheighilte bhí scéal éagsúil ann i dtaobh an pholasaí oideachais don Ghaeilge de, áit a raibh naimhdeas lom seachas béalghrá le brath. Bunaíodh stát Thuaisceart Éireann in 1920 le tromlach buan aontachtóirí i bhfeighil, rud a mhair ar feadh leathchéad bliain. Cuireadh cos ar bolg ar an mionlach náisiúnach, go háirithe i réimsí na hionadaíochta, an dlí, na fostaíochta agus an oideachais.¹¹⁴ Mar a bhaineann sé leis an nGaeilge áitíonn Ó Tuathaigh,

111 Ó Tuathaigh, ‘The State and the Irish Language: an Historical Perspective,’ 36.

112 John Harris, ‘Irish in the Education System,’ i *A New View of the Irish Language* eag. Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh, (Cois Life, 2008), 182.

113 Ó hUallacháin, ‘Languages of Instruction in Ireland 1904-1977,’ 508.

114 Susannah Riordan, ‘Politics, Economy, Society: Northern Ireland, 1920-1939,’ i *The Cambridge History of Ireland: volume IV, 1880 to the Present*, eag. Thomas

*‘Irish cultural nationalists would find the Northern state a generally inhospitable place for the Irish language for many decades.’*¹¹⁵ Chuaigh an obair dheonach ar son na Gaeilge in éag go mór sna Sé Chontae sna 1920í a bhí le cur faoi chois an stáit agus an leas a baineadh as cumhachtaí speisialta. Cuireadh na mílte náisiúnach chun na bpríosún agus neart gníomhaithe teanga ina measc. Thit líon craobhacha Chonradh na Gaeilge go tubaisteach san am céanna.¹¹⁶ Cé gur thosaigh an B.B.C ag craoladh ó Bhéal Feirste in 1924, níor craoladh aon chláracha i nGaeilge de bharr an amhrais a bhí ar na húdaráis mar gheall ar fheidhm pholaitiúil na teanga.¹¹⁷ Mar a deir Mac Ionnrachtaigh bhí dhá cur chuige i measc na n-aontachtóirí chun an Ghaeilge a chur faoi chois. D’éiligh na dólseoirí antoiseacha go gcuirfí an teanga faoi chois go hiomlán, ach chinn Craigavon ar pholasáí a bhí *‘less overt and more pragmatic and gradualist.’* Cé go raibh difríochtaí idir an dá cur chuige *‘these differences were merely tactical and ultimately defined by a settler ideology which depended exclusively on “cultural racism.”’*¹¹⁸

Sa chóras oideachais chúlaigh an rialtas ón méid beag a thacaigh leis an nGaeilge in 1920. Idir 1922 agus 1923 bhí post ann d’eagraí na Gaeilge i Roinn Oideachais na Sé Chontae, ach ina dhiaidh sin cuireadh deireadh leis agus ina dhiaidh thuairiscigh an rúnaí parlaiminte chuig baill na parlaiminte, *‘I can assure them that there is no such thing as an organiser of the Irish language.’*¹¹⁹ Cé go ndearna Comhaltas Uladh, craobh tuaisceartach Chonradh na Gaeilge, troid ar a son, cuireadh deireadh leis an gclár dátheangach in 1925 agus fágadh an Ghaeilge in áit na leathphingine mar *‘theanga iasachta.’*¹²⁰ In 1926 athraíodh na rialacha faoin rang inar ceadáíodh an Ghaeilge a mhúineadh ag leibhéal na bunscoile. As sin amach níor tugadh cead ach í a mhúineadh sa dhá bhliain dheireanacha cosúil leis na teangacha iasachta. Thit líon na mbunscoileanna a mhúin an Ghaeilge mar ábhar breise ó 140 in 1926-

Bartlett (Cambridge University Press, 2018), 297.

115 Ó Tuathaigh, ‘The State and the Irish Language: an Historical Perspective,’ 28.

116 Mac Ionnrachtaigh, *Language, Resistance and Revival*, 81.

117 Buttimer and Annracháin, ‘Irish Language and Literature,’ 564.

118 Mac Ionnrachtaigh, *Language, Resistance and Revival*, 82.

119 Akenson et al, ‘Pre-university education, 1921–84,’ 737.

120 Buttimer and Annracháin, ‘Irish Language and Literature,’ 564.

7 go dtí 66 in 1928-9. Faoi 1933 bhí feabhas tagtha ar an bhfigiúr agus 119 scoil á múineadh.¹²¹

Le linn bhlianta an chúlaithe eacnamaíochta tapaíodh an deis tuilleadh ciorruithe a dhéanamh ar dheontais don Ghaeilge. Dúirt ball aontachtach amháin sa pharlaimint ag an am, ‘*the only people interested in this language are the people who are the avowed enemies of Northern Ireland*.’¹²² In 1933 cuireadh deireadh leis na deontais speisialta do mhúineadh na Gaeilge.¹²³ Ag an am sin bhí 10,500 páiste ag foghlaim na Gaeilge ag leibhéal na bunscoile, rud ab ionann agus 14.11% de líon na bpáistí a bhí ag freastal ar scoileanna Chaitliceacha, nó 5% de pháistí bunscoile sa stát ina iomlán.¹²⁴ Nuair a rinne polaiteoirí náisiúnacha iarracht an cúpla focail a úsáid i Stormont, cuireadh bac orthu, mar a tharla do Eddie McAteer in 1945. Bhéic an Príomh-Aire, Basil Brooke, amach ‘*no foreign language here*.’ In 1948 rinneadh leasú ar acht chun bac a chur ar chomharthaí sráide i nGaeilge, agus sna 1950í tugadh isteach *The Public Order Legislation* (1951) agus *The Flags and Emblems Act* (1954), ‘*that enabled the Stormont government to subdue any cultural or political expressions of Irish nationalism by the excluded Catholic minority*.’¹²⁵

TÉAMAÍ IDÉ-EOLAÍOCHTA

PLÉITEAR FORBAIRT idé-eolaíochta ghluaiseacht na Gaelscolaíochta sna rannóga atá le teacht. Ach b’athrú suntasach é nuair a tháinig dioscúrsa an dátheangachais i réim i ndiaidh fhoilsiú an Pháipéir Bháin in 1965. Lean baill de Chonradh na Gaeilge, agus fiú roinnt polaiteoirí de chuid na bunaíochta, ag caint ar ‘ceist na hAthbheochana’ agus ‘Éire saor agus Gaelach’ isteach sna 1970í.¹²⁶ Mar sin féin níorbh fhad go mbeadh an dátheangachas agus cearta teanga mionlaigh i réim

121 Akenson et al, ‘Pre-university education, 1921–84,’ 737.

122 *Ibid.*

123 Buttimer and Annracháin, “Irish Language and Literature,” 564.

124 Camille C. O’Reilly, *The Irish Language in Northern Ireland: The Politics of Culture and Identity*, (Palgrave Macmillan, 1999), 21.

125 Mac Ionnrachtaigh, *Language, Resistance and Revival*, 84.

126 Máirtín Ó Cuanaigh, Rúnaí CnaG, chuig Niall Mac Fhionnlaíoch, Craobh na gCúig Cúigí, an 10 Meitheamh 1975 (Cartlann CnaG, OÉG), G60/4/3/1/3/004.; *Carn* 1973.

san allagar.¹²⁷ Aithnítear an tréimhse sin mar chéim siar i dtéarmaí na sochtheangeolaíochta sa lá atá inniu ann, óir tá pobail teanga na Gaeltachta ag streachailt 'le himpleachtaí an dátheangachais fhabhtaigh' i gcónaí.¹²⁸ Thiocfadh gluaiseacht na Gaelscolaíochta chun cinn, mar sin, i gcomhthéacs allagar an dátheangachais agus bheadh ar bhunaitheoirí, múinteoirí agus príomhoidí na hearnála é a mhúnlú ar an mbonn sin. Bheadh na scoileanna lán-Ghaeilge ag snámh in aghaidh easa an Bhéarla taobh amuigh de gheataí na scoile.

Thiocfadh an ghluaiseacht chun cinn i dtréimhse ar leith a bhain leis na 1960í go domhanda chomh maith. Glaonn Linda Connolly *New Social Movements* ar ghluaiseachtaí a tháinig chun cinn sna blianta sin a dhírigh ar chúrsaí timpeallachta, inscne agus teanga, agus a chuimsigh daoine ó aicmí éagsúla. An tréith chomónta eatarthu ná go raibh tionchar éigin na nua-aimsearthachta ag brú aníos orthu.¹²⁹ Ach, go híorónta, ba iad buntáistí na nua-aimsearthachta a chruthaigh an spás do na gluaiseachtaí teacht chun cinn sa chéad dul síos. Maíonn Ronald Inglehart gur tháinig ré an '*post-materialism*' i réim sa dara leath den fhichiú haois. An chiall atá leis seo, ar sé, ná go raibh grúpaí sóisialta a bhíodh ag streachailt roimhe sin chun bia a chur ar an mbord nó cúrsaí tithíochta a bhuanú dóibh féin, de bharr athruithe sa gheilleagar agus cúrsaí leasa sóisialta an stáit, anois in ann gníomhú ar cheisteanna a bhain leis an bhféinriail, féinléiriú agus cultúr.¹³⁰

Dar ndóigh caithfear na hathruithe ar leith sin a bhain leis na 1960í go háirithe a chur le hais stair fhada na hathbheochana agus an díchoilínithe in Éirinn a pléadh cheana. Ina theannta sin, ó na 1960í ar aghaidh chonacthas smaointeoirí an díchoilínithe cultúrtha ag dul i

127 Niamh Hourigan, 'Movement Outcomes and Irish Language Protest,' i *Social Movements and Ireland* eag. Linda Connolly agus Niamh Hourigan, (Manchester University Press, 2006), *passim*.

128 Conchúr Ó Giollaáin, 'An Domhandú agus Mionlaigh Teanga (sic),' i *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithe*, eag. Breandán Mac Cormaic, (Coiscéim, 2011), 172.

129 Linda Connolly, 'Theories of social movements: a review of the field,' i *Social Movements and Ireland* eag. Linda Connolly agus Niamh Hourigan, (Manchester University Press, 2006), 23.

130 Ronald Inglehart, *The Silent Revolution: Changing Values and Political Styles Among Western Publics*, (Princeton University Press, 1977), *passim*.

dtreis go domhanda, go háirithe i measc lucht intleachta na Tríú Domhan. I ndiaidh streachailtí éagsúla a bhain leas as modhanna síochánta agus modhanna na láimhe láidre, chinn cuid de na cumhachtaí coilíneacha san Aifric agus san Áis ar an ‘díchoilíniú’ i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda go háirithe. Ach idir na 1960í agus 1980í d’fhorbair an tuiscint i measc scríbhneoirí agus fealsúnaithe nár leor go dtarraingeodh airm na n-impireachtaí amach. Don dream seo—leithéidí Franz Fanon, Albert Memmi, agus Ngũgĩ wa Thiong’o—arsa Raymond Betts, ‘*decolonization required much more: a fundamental change of outlook and attitude, of heart and mind*.’¹³¹ Mar a deir Fanon, an síciatraí agus fealsamh a scríobh ar chogadh na saoirse san Ailgéir, níl cosmhuintir an domhain atá faoi chois an choilínithe ina n-aonar. Ainneoin chumhacht an chórais bíonn tionchar na smaointeoireachta agus macallaí ón taobh amuigh le brath i measc an dreama atá faoi chois.¹³²

Is uirlis úsáideach lionsa díchoilínithe na fealsamh úd agus cás na hÉireann á phlé. Is beag duine i ngluaiseacht na Gaelscolaíochta nó gluaiseacht na Gaeilge sna Sé Chontae Fíchead i lár an fhichiú haois nach n-aontódh le tuairim wa Thiong’o faoin ‘*post-independence betrayal of hope*.’¹³³ Faoin gcoilíneachas, troideann an chosmhuintir i gcoinne an leatroid, arsa Fanon. Ach i ndiaidh saoirse náisiúnta a bhaint troideann siad i gcoinne na bochtaineachta, na neamhlitearthachta, agus na tearcfhorbartha.¹³⁴ Is iad an bhunaíocht nua náisiúnach nó an *national bourgeoisie* (aicme rachmasach dúchasach) a cheansaíonn na gluaiseachtaí forásacha sa stát neamhspleách, a deir sé.¹³⁵ Baineann an ghné chultúrtha d’idé-eolaíocht an náisiúnachais le hábhair go fóill—ní hé gur seaniarsma den naoú haois déag é. A mhalairt ar fad, arsa Erika Harris, tá tábhacht an chultúir don náisiúnachas imithe i méid. An fáth leis seo, ar sí, ná go bhfuil dlúthbhaint idir an fhéiniúlacht agus an pholaitíocht, agus bhí le fada. Tá tábhacht as cuimse ag an bhféiniúlacht cultúrtha i ré na gceart agus an daonlathais agus de réir mar a mbogann daoine agus

131 Raymond F. Betts, *Decolonization* (Routledge, 1998), 88.

132 Frantz Fanon, *The Wretched of the Earth*, (Grove Press, 1963), 54.

133 Ngũgĩ wa Thiong’o, *Decolonising the Mind: the Politics of Language in African Literature* (Boydell & Brewer, 1986), 21.

134 Fanon, *The Wretched of the Earth*, 74.

135 *Ibid.*, 122.

smaointe ó thír go tír sa chóras domhandaithe.¹³⁶ Ní éireoidh leis na hi-arrachtaí an náisiúnachas a scaradh amach ón bhféiniúlacht náisiúnach dár le hIarla Watson.¹³⁷ Agus is amhlaidh an scéal don Ghaeilge agus an náisiúnachas. Ach cruthaítear fadhb anseo don dream atá faoi chois, sa chás seo lucht labhartha na Gaeilge, mar go bhfuil an teanga fite fuaite leis an náisiúnachas. Ag éirí as sin tá an bhunaíocht nua i bhfeighil ar an dioscúrsa náisiúnach agus ar luamháin na cumhachta dá réir. Ceann de na nithe gur gá aird a thabhairt air i measc gluaiseachtaí teanga agus gluaiseacht na Gaelscolaíochta ach go háirithe, dár le hÓ Croidheáin, ná an asamhlú. In éagmais anailís níos leithne a dhéanamh ar an socháí ní foláir don ghluaiseacht a bheith airdeallach, óir tá contúirt ann go gcailltear cumhacht an chomhchoitinn agus go slogfar ar ais isteach in idé-eolaíocht choimeádach agus náisiúnach an stáit í.¹³⁸ Go deimhin, i dtíortha áirithe eile amháin Maracó rinneadh asamhlú ar bhaill radacacha de phobal mionteanga Amazigh, teanga na mBeirbeireach, nuair a tugadh poist stáit dóibh ag plé leis an teangeolaíocht, oideolaíocht, aistriúchán, caomhnú staire agus na meáin.¹³⁹

Anuas ar an deacracht seo a chothaíonn náisiúnachas an stáit, tá náisiúnachas Ibeirneach tagtha chun cinn i measc na ndaoine ina gcuirtear an fhéiniúlacht Éireannach in iúl go hiomlán trí Bhéarla agus fágтар an Ghaeilge in áit na leathphingine mar theanga ornáideach shiombalach go príomha. Deir Tomás Mac Síomóin, gur tréith láidir den fhéiniúlacht Éireannach seo droim láimhe a thabhairt don Ghaeilge sa saol mór agus í a úsáid sa chóras oideachais agus ag ócáidí stáit amháin.¹⁴⁰ Ach, mar a deir Matthews agus é ag trácht ar ré na hAthbheochana, *‘the ambivalent attitude towards the Irish language was not simply an example of mass cultural hypocrisy... rather, the disparity between the growing*

136 Erika Harris, *Nationalism: Theories and Cases* (Edinburgh University Press, 2009), 28.

137 Iarfhlaith Watson, ‘The Irish Language and Identity’ i *A New View of the Irish Language*, eagr. Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh, (Cois Life, 2008), 69.

138 Ó Croidheáin, *Language From Below*, 278.

139 David Crawford agus Paul Silverstein, ‘Amazigh Activism and the Moroccan State,’ *Middle East Report* 233 (2004), 45.

140 Tomás Mac Síomóin, *The Gael Becomes Irish: an Unfinished Odyssey* (Nuascéalta, 2020), 101.

*support for the language and manifest competency in it was the consequence of the painful linguistic transformation which went hand in hand with colonial attempts to assimilate Ireland into the British cultural mainstream.*¹⁴¹

Arís eile, ní fadhb é seo a bhaineann le hÉirinn amháin. De bharr ghradam na Fraincise i dtíortha áirithe san Aifric amháin an Congó deir Karen Hulstaert go gcruthaítear ‘*duality*’ i dtéarmaí na dteangacha dúchasacha agus an gaol ag lucht labhartha leis an teanga choilíneach, an Fhraincis. ‘*Children are not taught their mother tongue because of pragmatic decisions,*’ ach ar an lámh eile ‘*an incorporation of the essentialist discourse about “identity loss” gives Congolese the impression they have lost connection with their roots, which manifests itself in a loss of knowledge of the “mother tongue.”*’¹⁴² Lomchlár na fírinne arsa an scríbhneoir díchoilínithe Túinéiseach Albert Memmi, ná go bhfuil teangacha na himpireachta agus na teangacha dúchasacha, Gaeilge agus Béarla nó Fraincis agus teanga dúchasacha na hAfraice, in iomaíocht le chéile agus go bhfuil níos mó ná cúrsaí teanga amháin i gceist; ‘*the two worlds symbolized and conveyed by the two tongues are in conflict; they are those of the colonizer and the colonized.*’¹⁴³

Is é an dála céanna é i gcórais oideachais na dtíortha coilínithe—bíonn an teanga cumhachtach in adharca leis an teanga dúchasach. I gcomhthéacs próiseas an choncais a fhorbraíonn isteach i bpróiseas coilíneach i réimsí an teanga, oideachas agus cultúr áitíonn wa Thiong’o, ‘*the night of the sword and the bullet was followed by the morning of the chalk and the blackboard. The physical violence of the battlefield was followed by the psychological violence of the classroom.*’¹⁴⁴ Ba chasta an próiseas é an díchoilíniú in Éirinn a d’fheidhmigh go príomha tríd an gcóras oideachais mar atá minithe cheana. Ach díol suntais é gur theip ar iarrachtaí den chineál céanna i dtíortha eile a raibh a dteanga faoi chois. Rianaíonn Sabyasachi Bhattacharya na deacrachtaí a bhí ag an National Education Movement san Ind san fhichiú haois na teangacha dúchasach a chur in áit an Bhéarla sna scoileanna ansin.¹⁴⁵ B’amhlaidh an scéal sa Chongó ó

141 P.J. Matthews, *Revival: the Abbey Theatre, Sinn Féin, the Gaelic League and the Co-Operative Movement* (University of Notre Dame Press, 2003), 131.

142 Hulstaert, “French and the school are one”—the role of French in post-colonial Congolese education: memories of pupils,’ 835.

143 Albert Memmi, *The Colonizer and the Colonized* (Profile Books, 1974), 151.

144 wa Thiong’o, *Decolonising the Mind*, 9.

145 Sabyasachi Bhattacharya, “Towards a Global History of Education: Al-

na 1970í ar aghaidh. Ainneoin polasaithe ar mhaithe leis an *authenticité* a chur in áit na Fraincise níor éirigh leis an stát tosaíocht a thabhairt do na teangacha dúchasacha sa chóras oideachais. Cháin lucht intleachta na tíre, mar a deir Hulstaert, ‘*the inconsistency between the ideas of authenticity on the one hand, and educational practice on the other.*’¹⁴⁶

Cruthaítear miotas faoin gcoilíneachas gurb é teanga na cumhachta teanga na nua-aimsearthachta. B’fhadhb é seo a d’aithin Mac Piarais agus é an scríobh sa *Murder Machine* ag tús na fichiú haoise. ‘*There is such a thing as modern progress,*’ a scríobh sé, ‘*but it has been won at how great a cost! How many precious things have we flung from us to lighten ourselves for that race!*’¹⁴⁷ De réir bhri an mhiotais seo bíonn ar lucht díchoilínithe ról a dteanga dúchais sa tsochaí atá ag claochlú a chur in oiriúint. Chun an nasc idir an teanga dhúchasach agus an bhochtaineacht a bhriseadh ní féidir droim láimhe iomlán a thabhairt don domhan mór agus an geilleagar agus an cultúr a thagann léi. Taibhsítear don dream díchoilínithe gur gá meascán den traidisiúin agus den nua-aimsearthacht a chur faoi bhráid an phobail in aon athbheochan nó próiseas díchoilínithe. Glacann Matthews ‘*alternative modernity*’ air seo, áit a mheastar gur coincheap é an traidisiúin gur féidir leas a bhaint as mar ‘*a stimulus towards innovation and change rather than a barrier to it.*’¹⁴⁸ Braithheadh an meon céanna san Ailgéir i gcomhthéacs na troda i gcoinne choilíneachas na Fraince, áit ar scríobh an scoláire Hisham Sharabi faoi fhéiniúlacht na tíre sin ‘*the Algerian personality will gain strength and in time become more firmly rooted, for our people are capable of moving forward with history without severing their ties with the past.*’¹⁴⁹ Feicfear an téama seo go rímhinic sna leathanaigh amach romhainn, go háirithe sna bealaí ar brúdh an taighde nua-aimseartha chun cinn ar mhaithe leis an traidisiúin (i. an Ghaeilge) a chaomhnú agus gluaiseacht na Gaelscolaíochta a thiomáint chun cinn.

ternative Strategies,’ i *Connecting Histories of Education: Transnational and Cross-Cultural Exchanges in (Post)Colonial Education*, eag. Barnita Bagchi, Eckhardt Fuchs, agus Kate Rousmaniere (Berghahn Books, 2014), 34.

146 Hulstaert, “‘French and the school are one’—the role of French in post-colonial Congolese education: memories of pupils,” 824–5.

147 Mac Piarais, *The Murder Machine and Other Essays*, 12.

148 Matthews, *Revival*, 2.

149 Susan E. Marshall, ‘Islamic revival in the maghreb: the Utility of Tradition for Modernizing Elites,’ *Studies in Comparative International Development* 14, (1979), 100.

Tá contúirt i gceist leis an oideachas sa chomhthéacs coilíneach agus caipitlíoch mura dtugtar aird ar chúrsaí oideolaíochta. Cháin scríbhneoirí fuascailteacha an Tríú Domhan an córas oideachais, óir dar le Paulo Freire, *‘education thus becomes an act of depositing, in which the students are the depositories and the teacher the depositor.’*¹⁵⁰ Agus, mar a bhaineann sé le ról cúrsaí ábharaíochta san oideachas, deir sé *‘in its desire to create an ideal model of the “good man,” a naively conceived humanism often overlooks the concrete, existential, present situation of the people.’*¹⁵¹ Sa lá atá inniu ann a deir Gearóid Denvir tá an dainséar ann go mbreathnaítear ar an oideachas mar earra tráchtála, ach *‘ní earra é an t-oideachas atá le seachadadh ag spailpín ar aonach haighreála do bhodachai na tíre agus iad ag tíocht ar a gcuid capall, ach gaois dhuineata atá le roinnt le cion, le hurraim agus le meas.’*¹⁵² Ach, fiú sa phróiseas forásach díchoilínithe a chuireann teangacha dúchasacha i lár an aonaigh breathnaítear ar na teangacha mar bhealach leis an dréimire a dhreapadh. I Mósaimbíc, mar a áitíonn Chimbutane, cé go bhfuil an Phortaingéilis i réim fós i ndomhan na hoibre, tá athrú ag teacht agus de bharr an dátheangachais tá daoine ag tosú ag breathnú ar theangacha dúchasacha mar *‘commodities, that is, as assets that, in a near future, can increase speakers’ access to meaningful job opportunities and associated material and symbolic profit.’*¹⁵³ Ach, ag an am céanna, *‘bilingual education is a new phenomenon and... it is seen as having emancipatory potential.’*¹⁵⁴ Tá contrárthacht, más ea, idir stádas a bhaint laistigh den chóras tríd teanga a shealbhú agus an cumas atá ann leas a bhaint as teangacha dúchasacha mar ghléasanna fuascailteacha díchoilínithe.

Ba mhór an machnamh a rinneadh in Éirinn ar nádúr an ghalldaithe agus próiseas an dí-ghalldaithe ó ré de hÍde i leith. Le déanaí bhaist Mac Síomóin an *‘Super Colonised Irish Syndrome’* ar smál sin an choilíneachais ar shicé mhuintir na tíre agus rianaíonn sé tréithe éagsúla a mbaineann léi: spleáchas; faitíos; éiginnteacht i leith lucht an

150 Paulo Freire, *The Pedagogy of the Oppressed*, (Continuum International Publishing Group, 1970), 45.

151 *Ibid.*, 66.

152 Gearóid Denvir, *An Peann is a Bhfuil Ann* (Coiscéim, 2021), 15.

153 Feliciano Chimbutane, *Rethinking Bilingual Education in Postcolonial Contexts* (Blue Ridge Summit: Multilingual Matters, 2011), 157.

154 *Ibid.*, 156.

choilínithe; ceilt ar an bhfearg agus ar an mire; mothúcháin nach bhfuiltear maith a dhóthain; féinfhuath; cailliúint féiniúlachta; foréigean comhthreomhar agus tuilleadh seans go mbeidh míshuaimhneas síceolaíochta ann.¹⁵⁵ I gcomhthéacs na hAilgéire, agus go domhanda, tagann Fanon leis an Síomóineach nuair a deir sé go bhfágann an t-impiriúlachas dochar ina dhiaidh ní hamháin ar thórdhreach na tíre a bhí faoi smacht ach go bhfágtar smál in inchinn na ndaoine, galar inchinne fiú amháin, agus go gcaithfear é a ruaigeadh.¹⁵⁶ Tharla sé seo de bharr chinneadh lucht an choilínithe portráid dímheasúil agus miotasach den dream atá faoi chois a chruthú. Tar éis tamaill, arsa Memmi, glacann an dream a bhfuil cos ar bolg orthu leis an bportráid sin. *‘It thus acquires a certain amount of reality and contributes to the true portrait of the colonized,’* ar sé.¹⁵⁷ Ach ní hamháin gur dual don choilíneachas an cos ar bolg a choinneáil ar an gcosmhuintir san am i láthair ach déantar iarracht stair na ndaoine a lúbadh agus a chur as riocht.¹⁵⁸ Tráchtann wa Thiong’o ar an mbuama cultúrtha, mar ghlaonn sé air, rud a scriosann creideamh na ndaoine ina n-ainmneacha, ina dteangacha, ina dtimpeallacht, in oidhreacht a streachailte, ina n-aontacht, agus ina gcumais, agus ar deireadh iontu féin. I dtéarmaí na staire, *‘it makes them see their past as one wasteland of non-achievement and it makes them want to distance themselves from that wasteland. It makes them want to identify with that which is furthest removed from themselves; for instance, with other people’s languages rather than their own.’*¹⁵⁹ In Éirinn, agus é i gcomhluadar cainteoirí dúchasacha, chuala Mac Síomóin iad ag cáineadh na Gaeilge. *‘What they hate,’* a deir sé, *‘is being corralled by the condition of social and cultural inferiority that their condition of being speakers of “teanga na mbocht,” the language of the poor, has placed them.’*¹⁶⁰

Is éard is brí, más ea, leis an díchoilíniú ná beartais a théann i ngleic leis an íslíú céime sin, go háirithe beartais a bhaineann le hathréimniú na dteangacha dúchasacha a cuireadh faoi chois tríd an bpróiseas

155 Tomás Mac Síomóin, *The Broken Harp: Identity and Language in Modern Ireland*. (Nuascéalta, 2014), 145.

156 Fanon, *The Wretched of the Earth*, 200.

157 Memmi, *The Colonizer and the Colonized*, 132.

158 Fanon, *The Wretched of the Earth*, 179.

159 wa Thiong’o, *Decolonising the Mind*, 3.

160 Mac Síomóin, *The Gael Becomes Irish*, 174.

coilínithe. Tráchtann Edward Said, údar an leabhair iomráití *Culture and Imperialism*, ar ‘a profoundly important ideological debate at the heart of the cultural effort to decolonize, an effort at the restoration of community and repossession of culture that goes on long after the political establishment of independent nation-states. Resistance and decolonization... persist well after successful nationalism has come to a stop.’¹⁶¹ Admhaíonn Said nár chuir leithéidí Fanon treoirphlean don díchoilíniú i bhfeidhm don tréimhse sin i ndiaidh don impireacht an tír a fhágáil agus go maireann na milliúin daoine leis an gceist chigilteach seo go fóill; cén chaoi le dul i mbun an díchoilínithe?¹⁶² Bíodh is nach bhfuil treoirphlean sonraithe le fáil, is féidir na móthréithe a aithint trí léamh géar a dhéanamh ar na scríbhneoirí díchoilínithe. Tráchtann Memmi ar thionchar an choilíneachais a bhaineann ón ndream atá faoi chois ‘any free role in either war or peace, every decision contributing to his destiny and that of the world, and all cultural and social responsibility.’¹⁶³ Agus luann wa Thiong’o ‘a self-reliant Kenya for a self-reliant people, a vision embodying a communal ethos of democracy and independence.’¹⁶⁴ Is iad an féintuilleamaí in áit an spleáchais, an féinmheas in áit na náire agus an fhéinmhuinín in áit an lagmhisnigh bunchlocha an díchoilínithe a bhraitear i smaointeoireacht na scríbhneoirí úd. Áitím go bhfuil na luachanna céanna le brath sa ghníomhaíochas Gaelscolaíochta a chíorfar sna rannóga amach romhainn.

161 Edward Said, *Culture and Imperialism* (Vintage, 1994), 273.

162 *Ibid.*, 302.

163 Memmi, *The Colonizer and the Colonized*, 135.

164 wa Thiong’o, *Decolonising the Mind*, 61.

Advanced Review Copy





RANNÓG 1

LUATHBHLIANTA NA GLUAISEACHTA, C.1969–1976

SCOILEANNA AGUS EAGRAÍOCHTAÍ A BUNAÍODH SNA BLIANTA SEO:

SCOIL NEASÁIN	1969
BUNSCOIL PHOBAL FEIRSTE	1971
SCOIL IOGNÁID	1971
SCOIL MOIBHÍ	1972
COMHDHÁIL NA SCOILEANNA GAELACHA	1972
COMHCHOISTE NÁISIÚNTA NA SCOILEANNA LÁN-GHAEILGE	1973
SCOIL AN TSEACHTAR LAOCH	1973
SCOIL NAITHÍ	1973
SCOIL CHRÓNÁIN	1975
SCOIL OILIBHÉIR	1975
GAELSCOILEANNA	1976

RÁITEAS OIFIGIÚIL (an té a chreidfeadh é)

“Dúirt an tAire oíche aréir

go dtógfaid saol sona fial;

cuid an leoin ag dul don uan...”

Och, mo thrua do cheann gan chiall!¹

‘The machinery of government cannot be too simple. It is always the craft of knaves to make it complicated and mysterious.’

—KARL MARX²

1 *Combar*, 6 Meitheamh 1976, 2.

2 Karl Marx, *The Constitution of the French Republic Adopted November 4 1848*,

DÁN AGUS SLIOCHT a thugann léargas ar an ngad is gaire don scor-nach do lucht bunaithe na scoileanna lán-Ghaeilge sna blianta 1969–76: dul i ngleic le státchórais nár spéis leo éilimh dhaonlathacha na cosmhuintire agus drogall na héilimh chéanna a mhaoiniú. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an aighneas idir lucht na Gaelscolaíochta agus an dá stát in Éirinn thart faoin am seo, is mithid spléachadh a thabhairt ar an gcomhthéacs polaitiúil agus socheacnamaíoch i dtús báire. Ba é an cheist ba mhó i saol na hÉireann i rith na mblianta 1969–1976 an choimhlint sna Sé Chontae. Bhí sé ina chior thuathail ó 1969 tar éis don stát ann freagra foréigneach a thabhairt ar fheachtasaíocht shíochánta agus éilimh Ghluaiseacht Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann.³ De réir mhúnla an stáit, ba í an longthógáil, ina raibh tromlach ollmhór Protastúnach, crann taca na heacnamaíochta. Cosúil le cuid mhór de phoist sa stát, coinníodh Caitlicigh amach ó jabanna san earnáil sin. Lena hais sin, diúltaíodh tithíocht agus cearta polaitiúla dóibh. Dar le Robbie McVeigh agus Bill Rollston, stair fhada an choilíneachais sa tír ba chionsiocair leis an méid a thit amach.⁴ Mar atá léirithe le déanaí ag Brian Hanley, bhí tionchar nach beag ag an méid a bhí ag tarlú ó thuaidh ar pholaitíocht, dioscúrsa agus slógadh na ngnáthdhaoine sna Sé Chontae Fichead.⁵ Tháinig Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ar an bhfód in 1969, an bhliain chéanna ar bhris sé amach ina chogadh dearg sna Sé Chontae. Tharraing an Ghluaiseacht aird ar dhrochstaid shocheacnamaíoch na gceantar Gaeltachta agus ar imeallú na cosmhuintire iontu. B'fhorbairt é bunú na gluaiseachta úd, fearacht na gluaiseachta ar son cearta sibhialta ó thuaidh, a chaithfear a mheas i gcomhthéacs *'the global dynamics of youth politics and civil rights movements of the late 1960s,'* mar atá ráite ag Gearóid Ó Tuathaigh.⁶

Má bhí rudaí go dona go sóisialta agus i dtaobh an gheilleagair de do Chaitlicigh na Sé Chontae agus do mhuintir na Gaeltachta, ba ar malairt treo a bhí sciar maith de phobal na Sé Chontae Fichead ag dul.

nótaí chuig *People*, Londain, uimh. 7, Meitheamh 1851.

3 Lee, *Ireland, 1912–1985: Politics and Society*, 428–29.

4 McVeigh agus Rolston, *Anois ar Theacht an tSamraidh*, 221–31.

5 Brian Hanley, *The Impact of the Troubles on the Republic of Ireland, 1968–1969: Boiling Volcano?* (Manchester University Press, 2019).

6 Gearóid Ó Tuathaigh, 'Language, literature and culture in Ireland since the War,' i *Ireland 1945–70* eag J.J. Lee (Gill and Macmillan, 1979), 111–23.

Tagraíonn J. H. Whyte don bhorradh geilleagrach a tharla idir deireadh na 1960í agus tús na 1980í sna Sé Chontae Fichead. Ba thráth é inar fhás an daonra den chéad uair le céad bliain anuas. Ní hamháin go raibh fás ag tarlú, arsa Whyte, ach bhí daoine óga sa treis agus beag-nach leath an daonra faoi bhun fiche a cúig bliain d'aois.⁷ Ba thoradh é an rabharta geilleagrach seo ar na polasaithe a cuireadh i bhfeidhm ó dheireadh na 1950í ar aghaidh a chíoradh sa réamhrá. Nuair a bhu-aigh Fianna Fáil faoi cheannasaíocht Jack Lynch olltoghchán na bliana 1969, ceapadh Patrick Hillery mar Aire Gnóthaí Eachtracha—comhartha ab ea é sin go raibh feachtas le troid chun teacht i dtír ar an mborradh geilleagrach a bhí ag tarlú trí bhallraíocht i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (EEC i mBéarla) a lorg. Bíodh is go rabhthas ann ag an am a mhaigh go gcabhródh ballraíocht sa Chomhphobal leis an stát briseadh ó thionchar Shasana, deir Rollston agus McVeigh gur togra a bhí ann a léirigh ‘*continued dependency*’ an stáit mar go raibh ‘*no viable project to join the EU independent of the UK*’.⁸ Bhí tuairimí éagsúla i measc an phobail i gcoitinne ar an gceist. B’amhlaidh an scéal i measc lucht labhartha na Gaeilge agus eagraíochtaí amhail Conradh na Gaeilge agus ceist an fhlaithis ar an gcnámh spairne ba mhó acu.⁹ Bheadh impleachtaí idé-eolaíocha agus ábhartha níos mó ann do na scoileanna lán-Ghaeilge ag ballraíocht an stáit sa Chomhphobal níos faide anonn sna 1970í agus sna 1980í, ach ní raibh siad le brath go fóill sna blianta 1969–76. Mar sin féin, léiríodh dearcadh stát na Sé Chontae Fichead i leith na Gaeilge go lom go luath sna 1970í. Chinn an rialtas a iarraidh ar an gComhaontas sop in áit na scuaise sin an ‘*Treaty status*’ a bhronnadh ar an stát, seachas an Ghaeilge a bheith ina teanga oibre sna hinstitiúidí. ‘*Practical difficulties*’ le haistritheoirí a aimsiú an leithscéal a luadh ag an am. Chuir an Fianna Fáileach Patrick Hillery, an tAire Gnóthaí Eachtracha ag an am, agus fear a bheadh ina Uachtarán ar feadh i bhfad ar ball, an méid sin in iúl leis an gComhaontas i mí Iúil na bliana 1971.¹⁰ An toradh ar an gcinneadh seo ná gurbh éigean

7 Whyte, ‘Ireland, 1966–82,’ 297–8.

8 McVeigh agus Rolston, *Anois ar Theacht an tSamhraidh*, 172–3.

9 *Inniu*, 13 Márta 1970; Leila Nic Oireachtaigh, Coiste Chathair BÁC chuig Craobhacha Átha Cliath, gan dáta, G60/4/3/1/15/217. In: Cartlann Chonradh na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (1972).

10 Ráiteas ón gComhaontas Eorpach, 1971.

don Chomhaontas conarthaí a aistriú go Gaeilge agus comhfhreagras a ghlacadh agus a sheoladh i nGaeilge, ach ní raibh dualgas ar bith ann ábhar eile i nGaeilge a aistriú ná a sholáthar.¹¹ Ísliú stádaís a bhí ann a mhairfeadh leathchéad bliain.

Maidir le scríobh na staire, déantar plé anois is arís ar chás na Gaeilge i gcoitinne sna 1970í, ach is beag tagairt, gan trácht ar anailís, a dhéantar ar scéal na Gaelscolaíochta. I leabhar cuimsitheach Dhiarmada Ferriter ar stair na 1970í sna Sé Chontae Fichead, *Ambiguous Republic: Ireland in the 1970s*, ní luaitear oiread is uair amháin an fás a tháinig ar na scoileanna lán-Ghaeilge i rith an ama sin.¹² Is amhlaidh an scéal i mórshaothar J.J. Lee, *Ireland, 1912–1985: Politics and Society*.¹³ Tugann Roy Foster sracfhéachaint ar an nGaelscolaíocht ina leabhar *Luck & the Irish: a Brief History of Change, 1970–2000*, ach tá an anailís sách fánach. Gan fianaise ar bith a sholáthar, áitítear go raibh nasc idir an Ghaeilge agus an siombalachas náisiúnaíoch sna Sé Chontae tar éis forbairt le linn na tréimhse úd nó gur méadaíodh an bhearna idir an dlínse sin agus stát na Sé Chontae Fichead dá bharr—an milleán ar an nGaeilge seachas ar an gcríochdheighilt. Tá míniú simplí go leor ag Foster ar theacht ar fhód na scoileanna lán-Ghaeilge chomh maith; sé sin gur theip ar pholasaí Gaelaithe an stáit ar an gcóras oideachais agus go raibh próiseas an uirbithe tar éis dul i bhfeidhm go mór.¹⁴ Mar scéal thairis a phléann Thomas Walsh le ceist na Gaelscolaíochta ina leabhar *Primary Education in Ireland, 1897–1990: Curriculum and Context*. Áitítear sa leabhar: ‘Department policy was supportive of extending the network of Gaelscoileanna, owing to the positive results they were achieving in the Irish language.’¹⁵ Cé go ndearna na scoileanna lán-Ghaeilge dul chun cinn, níl sé fíor a rá gur thacaigh an Roinn Oideachais le fás na hearnála.

Sa rannóg seo, déanfar ceist na Gaelscolaíochta (cé gur úsáideadh na téarmaí ‘scoileanna lán-Ghaeilge’ nó ‘lán-Ghaelacha’ ag an am) a chíoradh i bhfoirm caibidil ina bpléifear le comhdhéanamh agus

11 Suíomh idirlín an Choimisiúin Eorpaigh, Europa.eu, 2021.

12 Diarmaid Ferriter, *Ambiguous Republic: Ireland in the 1970s* (Profile, 2013), *passim*.

13 Lee, *Ireland, 1912–1985: Politics and Society*, *passim*.

14 Foster, *Luck & the Irish*, 173–4.

15 Walsh, *Primary Education in Ireland, 1897–1990*, 219.

le hidé-eolaíocht ghníomhairí na Gaelscolaíochta sula mbogfar ar aghaidh go cuntais níos mine ar fhorbairt na gluaiseachta agus ar bhunú scoileanna lán-Ghaeilge áirithe. Cuimseoidh an anailís trí dhlínse inar mhair, agus ina maireann, an Ghaeilge agus ina raibh cineálacha éagsúla streachailte ar bun ar son na Gaelscolaíochta: An Ghaeltacht, iar-Ghaeltacht na Sé Chontae, agus iar-Ghaeltacht na Sé Chontae Fíchead.¹⁶ Tuigfear, faoi dheireadh na rannóige seo, go raibh níos mó i gceist le forbairt na Gaelscolaíochta le linn na mblianta 1969–76 ná tuilleadh daoine a bheith ina gcónaí sna bailte agus cinneadh rialtais cúlú ó pholasaithe éiginnteachta, go raibh an Roinn Oideachais sna Sé Chontae Fíchead ina constaic, tríd is tríd, ar fhás na scoileanna lán-Ghaeilge, agus gur gluaiseacht uile-Éireann, idir chathair agus tuath, a bhí i ngluaiseacht na Gaelscolaíochta a d'fheidhmigh ar bhonn an díchoilínithe, an phoblachtachais, an náisiúnachais chultúrtha agus an daonlathais áitiúil.

16 Úsáidfear an téarma, iar-Ghaeltacht, seachas Galltacht, chun cur síos ar an gcuid sin den tír, thuaidh agus theas, nach bhfuil ina Gaeltacht níos mó. Tá samplaí den úsáid seo le fáil i réimse na sochtheangeolaíochta cheana, mar shampla Noel P. Ó Murchadha, 'Iniúchadh ar dhearcadh cainteoirí Gaeltachta ar éagsúlacht na Gaeilge comhaimseartha,' in Tadhg Ó hÍfearnáin agus John Walsh (eag.), *An Meon Folaith: idé-eolaíocht agus iompar lucht labhartha na Gaeilge in Éirinn agus in Albain* (Baile Átha Cliath, 2018), lgh 85–6.

CAIBIDIL 1: AN GHAELGE AGUS NA CÓRAIS OIDEACHAIS, c.1970

LEAN CÚLÚ NA GAEILGE i gcóras oideachais na Sé Chontae Fíchead, a bhí le sonrú sna 1960í, ar aghaidh i rith na 1970í. Ar mhórán bealaí, ba léir do go leor ag an staid seo go raibh rás na hathbheochana rite. Ó luathbhlianta an stáit sna 1920í, leagadh an iomarca béime ar an gcóras scolaíochta chun an Ghaeilge a athneartú agus, mar aon le go leor cúiseanna oideachasúla eile, ní dhearnadh an infheistíocht a bhí de dhíth i líon na múinteoirí ná sna téacsleabhair.¹⁷ Mar a deir Conchúr Ó Giollagáin agus Tamás Péterváry, rinneadh ‘bainistiú cúng... ar chás na Gaeilge seachas idirghabháil iltoiseach.’¹⁸ Thar aon ní eile, mar a áitíonn Caoimhghin Ó Croidheáin, theip ar an stát dul i mbun an athdháilte fhairsing a bhí de dhíth chun an Ghaeilge a choimeád láidir i measc gnáthdhaoine.¹⁹

Faoi thús na 1970í, bhí na athruithe ar beartaíodh orthu sna 1960í sa chóras oideachais le brú ón OECD ag dul i bhfeidhm ar bhealach diúltach ar an nGaeilge. Bhí polasai an tsaoroideachais ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta le haimhleas na ‘A’ scoileanna—is é sin le rá na hiar-bhunscoileanna a mhúin gach ábhar, seachas an Béarla, trí Ghaeilge. Ba spreagadh é an deontas breise don Ghaeilge do go leor iar-bhunscoileanna a bhí ag feidhmiú sna 1960í, ach go háirithe na ‘A’ scoileanna. Bhí líon níos lú daltaí sna hiar-bhunscoileanna Gaeilge i gcónaí agus costais reatha níos airde ag baint leo chomh maith. Nuair a tógadh isteach an córas a thug deontas caipitlíocha de réir an dalta, d’iompaiigh go leor ‘A’ scoileanna Gaeilge ar an mBéarla mar go gcuireadh brú orthu daltaí le Béarla amháin a chlárú chun an t-ioncam acu a choimeád ag leibhéal sásúil.²⁰ Thuig daoine eile an cúlu seo, a bhí ag tarlú ag leibhéal na bunscoile chomh maith, sa Ghaeltacht agus san iar-Ghaeltacht, i dtéarmaí na gcinntí eacnamaíocha a rinneadh roimhe sin. Thug Riobard Mac Góráin, Uachtarán Chomhdháil Náisiúnta na

17 Kelly, *Compulsory Irish*, 133-34.

18 Ó Giollagáin agus Péterváry, “An Pobal Gaelach agus an Stát Éireannach,” 24.

19 Ó Croidheáin, *Language From Below*, 310-311.

20 Cáipéis inmheánach Gaelscoileanna, 1977.

Gaeilge, léacht uaidh ag Tionól na Scoileanna Gaelacha i nGaillimh i dtrátha dheireadh na bliana 1970. ‘De bharr an pholasaí réasúnaithe atá á thabairt i réim i gcúrsaí áiseanna oideachais,’ ar seisean, ‘táimid ag druidim chun éigeandála ó thaobh na hathbheochana de.’²¹

Chuir athruithe oideachasúla brú ar an teanga sa chóras oideachais chomh maith le linn na tréimhse seo sna Sé Chontae Fichead. Ag leibhéal na bunscoile bhí drochthionchar ag curaclam nua 1971 ar mhúineadh na Gaeilge; curaclam níos leithne a bhí ann a d’fhág go raibh an teanga thíos leis i dtaobh an méid ama a chaith na múinteoirí á mhúineadh. B’fhadhb reatha í, dar le John Coolahan, an easpa téacsleabhar Gaeilge san ama seo chomh maith. Cé go raibh dul chun cinn áirithe déanta ag an Roinn Oideachais ag déileáil leis an bhfadhb oideolaíochta sin, bhí ganntanas ann i gcónaí agus fágadh go raibh bearna ollmhór ann i rith na 1970dí.²² I dtrátha an ama chéanna, d’éirigh an tAthair Colmán Ó hUallacháin as a phost mar stiúrthóir ar Institiúid Teangeolaíochta Éireann de dheasca go raibh ‘teipthe’ ar an rialtas ‘aitheantas ceart nó cúnamh airgid a thabhairt don Institiúid.’²³ Sa Ghaeltacht, brúdh curaclam nua 1971 ar na scoileanna ainneoin nár fheil sé do na páistí. Cé go raibh rannóg ar leith do mhúineadh na Gaeilge sa Ghaeltacht sa churaclam, mar a deir Tom O’Donoghue agus Teresa O’Doherty, ‘*only a small number of additional Gaeltacht-specific matters were detailed for consideration.*’²⁴

D’fhág na cúinsí factéarmacha agus gearrthéarmacha seo go raibh líon na scoileanna a bhí ag múineadh trí Ghaeilge go príomha tite go tubaisteach sa chóras trí chéile ag an dá leibhéal. Léirítear drochstaid na Gaeilge sa chóras go lom i staitisticí na Roinne Oideachais. Thit líon na ‘Scoileanna ina múinteas gach ábhar trí Ghaeilge ach amháin an Béarla.’ Sa Ghaeltacht, thit an figiúr do bhunscoileanna den sórt sin ó 193 go 173 idir 1968 agus 1972, titim 10%. Sa chuid eile den stát, thit líon na scoileanna ó 50 go 23, rud a b’ionann agus laghdú 54%. Faoi 1971, ní raibh ach 14,053 de pháistí bunscoile an stáit sna scoileanna sin, nó

21 *Inniu*, 6 Samhain 1970.

22 John Coolahan, *Irish education: history and structure* (Institute of Public Administration, 1981), 223-5.

23 Tuairisc ar ghlaoch ón Athair Colmán Ó hUallacháin 1971.

24 O’Donoghue agus O’Doherty, *Irish Speakers and Schooling in the Gaeltacht*, 194.

3% de dhaltai scoile iomlán an stáit.²⁵

De bharr an leithcheala i gcoinne an chultúir Ghaelaigh sna Sé Chontae leis na blianta fada, bhí cúrsaí ansin níos measa fós. Áitíonn Mac Ionnrachtaigh gur chuir an stát go leor achtanna i bhfeidhm—mar shampla, *The Education Act 1923*, a chinn gur chóir plé leis an nGaeilge mar theanga iasachta, *The Public Order Legislation 1951*, agus *The Flags and Emblems Act, 1954*—a raibh sé mar aidhm acu an Ghaeilge a thachtadh sa réimse sóisialta agus oideachasúil. Ba chiníochas é seo a raibh a fhréamhacha le sonrú ‘in cultural colonisation, which necessitated the xenophobic view that Ireland’s “inferior” native culture and all its associated features were socio-economic and practical impediments to the “progress of humanity” of the British Empire and its dominant “civilising” culture.’²⁶ Ní nach ionadh mar sin gur tuairiscíodh ar *An tUltach* sa bhliain 1970 nach raibh an Ghaeilge á teagasc ach in 22% de bhunscoileanna Caitliceacha an stáit, nárbh ann di ach mar ábhar roghnach sna scoileanna sin, agus nárbh ann d’oiread agus bunscoil ná iar-bhunscoil amháin a bhí ag múineadh go hiomlán trí Ghaeilge.²⁷

I gcaitheamh na mblianta seo mar sin, thuaidh agus theas, agus ar fud na Gaeltachta, bhí an Ghaeilge sna scoileanna i ndroch-chaoi. Ach, le linn na tréimhse céanna, tháinig síolta faoi bhláth a bhí ag dul a bhrú ar ais i gcoinne na bhfórsaí a bhí ag feidhmiú chun an teanga a cheilt ó pháistí na tíre—síolta a chuir gníomhairí Gaelscolaíochta.

25 *An Roinn Oideachais: tuarascáil staitistiúil 1968/9–1971/2*, 10–13.

26 Mac Ionnrachtaigh, *Language, Resistance and Revival*, 82.

27 *An tUltach* 1971, 7.

CAIBIDIL 2:

COMHDHÉANAMH NA NGNÍOMHAIRÍ GAELSCOLAÍOCHTA

CÉN BUNÚS SOCHEOLAÍOCH a bhí le teacht chun cinn na ngníomhairí Gaelscolaíochta seo thart faoi 1969? I gcomhthéacs stát na Sé Chontae Fíchead, ba i mBaile Átha Cliath a tháinig borradh faoi ghluaiseacht na scoileanna lán-Ghaeilge ar dtús. Ba í an ardchathair an ceantar uirbeach ba mhó fás sa stát le scór bliain roimhe sin. D’áitigh beirt shocht-heangeolaithe ag an am, Pádraig Ó Riagáin agus Mícheál Ó Gliasáin, gur léir go raibh fás na scoileanna lán-Ghaeilge ó 1969 i leith ‘*related to the suburban expansion of the last twenty years*.’²⁸ Thuig eagraíochtaí Gaeilge amhail Comhdháil Náisiúnta é seo agus tosaíodh ar éileamh a dhéanamh le haghaidh pleananna forbartha sna lárionaid daonra.²⁹ Sna heastáit nuathógtha, bhí ganntanas seirbhísí amhail ionaid phobail. Bhí an scoil lán-Ghaeilge ar cheann de na haon áiseanna a bhféadfadh daoine bailiú thart air mar phobal, agus measadh go raibh sé seo chun leas na gluaiseachta.³⁰

Ceantair mheánaicmeacha, den chuid is mó, a bhí mar chroílár ghluaiseacht na scoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath sna luathbhlianta: Ráth Éanaigh (Scoil Neasáin, 1969);³¹ Glas Naíon (Scoil Moibhí, 1972); Dún Droma (Scoil Naithí, 1973) agus Ráth Cúil (Scoil Chrónáin, 1975).³² Go deimhin, i gcomparáid leis an mórphobal i gcathair Bhaile Átha Cliath, bhí stádas fostaíochta aithreacha na bpáistí a d’fhreastail ar na scoileanna lán-Ghaeilge sách ard. Bhí formhór na n-aithreacha (65%) fostaithe mar dhaoine gairmiúla nó i gcomhlachtaí stáit nó leathstáit ag leibhéal an bhainisteora. Bhí oideachas tríú leibhéal ag 33% de na haithreacha agus ag 17% de na máithreacha,

28 Pádraig Ó Riagáin agus Michael Ó Gliasáin, *All-Irish Primary Schools in the Dublin Area. Report of a Sociological and Spatial Study of All-Irish-Medium Schools in the Greater Dublin Area, with Special Reference to Their Impact on Home and Social Network Use of Irish*, (Institiúid Teangeolaíochta Éireann, 1979), 23.

29 *Kerryman*, an 19 Meán Fómhair 1970; *Irish Press*, an 3 Aibreán 1973.

30 Ó Riagáin agus Ó Gliasáin, *All-Irish Primary Schools in the Dublin Area*, 146.

31 Cé gur lonnaithe Scoil Neasáin i gceantair faoi mhíbhuntáiste ar deireadh, Baile Hearmann

32 Léarscáil Míbhuntáiste POBAL, 2006; Bunliosta na Gaelscoileanna, Gaeloideachas, 2021.

i gcontrárthacht le 7% de dhaoine fásta na cathrach i gcoitinne.³³ Díol suntais is ea stádas fostaíochta grúpa bunaithe Scoil Neasáin. De na gairmeacha a luadh taobh le hainmneacha na mbunaitheoirí ar liosta amháin, bhí triúr ‘feidhmeannach gnótha,’ ‘múinteoir gairmoideachais,’ ‘fo-eagarthóir,’ ‘tuairisceoir nuachtáin,’ ‘stáitseirbhíseach,’ cúigear ‘bean tí,’ agus ‘stáitseirbhíseach’ eile amháin (an t-aon bhean sa ghrúpa nár bhean tí í).³⁴ Tugtar léargas ar chomhdhéanamh na gluaiseachta ag leibhéal an stáit a bhí ag teacht ar an bhfód thart faoi 1971–72 i dtráchtas Uí Fhearghusa. Ba mheascán d’oideachasóirí ón nGaeltacht agus ón iar-Ghaeltacht, roinnt mhaith díobh ina sagairt nó ina mná rialta, a bhí sna daoine a toghadh ar choiste Chomhdháil na Scoileanna Gaela-cha, a bhí bunaithe go príomha i gCathair na Gaillimhe. Ba as Contae na Gaillimhe an chuid is mó de na baill, cé go raibh ionadaíocht ar an gcoiste chomh maith ó Mhaigh Eo, Baile Átha Cliath, Dún na nGall agus Luimneach.³⁵ Bhí an scéal mórán ar an gcaoi chéanna i dtaobh an aicme de ar Chomhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Lán-Ghaeilge (CNSLG)³⁶ a bhí ag bualadh le chéile thart faoin am céanna i mBaile Átha Cliath.³⁷

33 Ó Riagáin agus Ó Glasáin, *All-Irish Primary Schools in the Dublin Area*, 33.

34 Liosta ainmneacha de Choiste na Bunscoile, Scoil Ráth Éanna, gan dáta (‘Scoil Gaelach, Ráth Éanna,’ Cáipéisí an Monsignor Fitzpatrick, Bunoidéachas Ginearálta, Páipéir McQuaid, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath, Bosca 33, 200–204); Doiciméad maidir leis an Acht Comhlachta (1963), gan dáta (‘Scoil Gaelach, Ráth Éanna,’ Cáipéisí an Monsignor Fitzpatrick, Bunoidéachas Ginearálta, Páipéir McQuaid, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath, Bosca 33, 200–204).

35 Jacqueline Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna: Stair na hEagraíochta, 1973–1998*, Tráchtas M.Ed., Coláiste na hOllscoile, (neamhfhoilsithe, 1998), 17–18.

36 Feictear téarmaí éagsúla i bhfoinsí éagsúla don ghrúpa seo gníomhairí agus oideachasóirí a bhí ag teacht le chéile i mBaile Átha Cliath go luath sna 1970í: ‘Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Gaeilge,’ ‘Comhchoiste de Thuismitheoirí do na Scoileanna Lán Ghaelach,’ ‘Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Lán-Ghaela-cha,’ agus ‘Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Lán-Ghaeilge.’ Chun doiléireacht a sheachaint, úsáidfear an leagan deireanach, Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Lán-Ghaeilge (CNSLG), ar bhonn leanúnach i mbrollach an téacs, óir socraíodh ar an leagan sin in 1973 go dtí gur athraigh an eagraíocht a ainm ar fad go Gaelscoileanna in 1976.

37 Miontuairiscí agus comhfhreagras ar chéad cruinniú de chuid Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Gaeilge, Bealtaine 1973 (‘Miontuairiscí ar Chruinnithe Riartha Gaelscoileanna,’ Páipéirí Príobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Ach níorbh é sin iomlán an scéil. Mar a mhíníonn Ó Riagáin agus Ó Glasáin, ‘*notwithstanding the pronounced leaning towards middle-class areas and families, the schools appear to draw support from a very wide range of social and occupational groups*.’³⁸ Go deimhin, eiseamláir den tacaíocht seo i measc an lucht oibre sna Sé Chontae Fichead ab ea an méid a rinneadh i mBaile Munna (Scoil an tSeachtar Laoch, 1973), áit ar éirigh gluaiseacht in airde, go bunúsach, ón Ballymun Tenants Association agus ón Ballymun Parents Committee.³⁹ Mná tí agus fir den lucht oibre ba mhó a bhí i dtreis sa ghrúpa bunaithe ansin.⁴⁰ Ó thuaidh, i mBéal Feirste, fir agus mná den lucht oibre a thiomáin bunú na scoile lán-Ghaeilge sa bhruachbhaile nua Baile Andarsan (Bunscoil Phobal Feirste, 1971).⁴¹ Domhan eile ar fad a bhí i nDún Chaoin, ar mhórán bealaí, agus an seansaol tuaithe fós i réim ann. Troideadh in aghaidh dhúnadh Scoil Dhún Chaoin faoi pholasaí an chuichóirithe ag tús na 1970í, agus ba mhuintir na háite ó aicmí éagsúla—mionfheirmeoirí, iascairí, tábhairneoirí agus múinteoirí—a bhí chun cinn.⁴² Feirmeoirí beaga ba mhó a bhí sa lucht feachtais dar le Breandán Feiritéar, tráth a raibh ‘an fheirmeoireacht bheag ag teacht chun deiridh.’⁴³

Is léir, mar sin, go raibh aicmí éagsúla agus pobail éagsúla fud fad na tíre ag dul i ngleic le ceist na Gaelscolaíochta mar a bhí sna 1960í agus tús na 1970í. I dtuairim an tsocheolaí Linda Connolly, cé go raibh aicmí agus gráid éagsúla bainteach le mórghluaiseachtaí na linne, bhí cosúlachtaí eatarthu chomh maith. Glaoitear *New Social Movements* ar na gluaiseachtaí a d’fhorbair le linn an trátha úd, mar a luadh cheana. An chosúlacht ba mhó idir rannpháirtithe na ngluaiseachtaí ná go raibh tionchar á imirt ag forbairtí an nuachóirithe orthu ar bhealach diúltach éigin.⁴⁴ I gcás na scoileanna lán-Ghaeilge, bhí an nuachóiriú—uirbiú agus forbairt na mbuachbhailte ar lámh amháin, agus dúnadh

38 Ó Riagáin agus Ó Glasáin, *All-Irish Primary Schools in the Dublin Area*, 38.

39 *Inniu*, 8 Deireadh Fómhair 1971.

40 Agallaimh le Colm Ó Torna agus le hÉilís Uí Langáin.

41 Séamus Mac Seáin, *D’imigh Sin agus Tháinig Seo: Scéal Oibrí Fir i mBéal Feirste a linne* (Coiscéim, 2010), 24–25, 95; Agallaimh le Máire Nic Sheáin agus le Colma Nic Sheáin.

42 Colm Ó Snodaigh, *Dún Chaoin: Oscail an Scoil* (Coiscéim, 2017), 36–38.

43 Agallaimh le Breandán Feiritéar.

44 Connolly, ‘Theories of social movements: a review of the field,’ 23.

na scoileanna tuaithe trí phróiseas an chónasctha agus láraithe ar an lámh eile—ag dul i bhfeidhm ar lucht labhartha na Gaeilge agus iad siúd a bhí báúil leis an teanga tríd imeallú a dhéanamh orthu agus trína gcearta teanga a cheilt.

Níor tháinig na scoileanna lán-Ghaeilge chun cinn i bhfolús eagraíochtúil ach oiread. Go minic, bhí líonraí de Ghaeil áitiúla sna ceantair cheana féin. Is féidir na forbairtí seo a thuiscint trí lionsa an *Resource Mobilisation Theory*. Deir an teoiric seo gur mó an seans go slógfá dream i dtreo gníomhaíochta má tá eagraíochtaí agus líonraí i measc an phobail cheana féin atá ag teacht lena gcuid aidhmeanna ar bhealach amháin nó eile.⁴⁵ I gcomhthéacs an Tuaiscirt, tá léirithe ag scoláirí cheana an nasc idir obair líonraí pobail ón mbun aníos agus teacht chun cinn na Gaelscolaíochta. Mar a mhíníonn Mac Ionnrachtaigh, ba iad na tograí radacacha Cumann Chluain Árd agus Gaeltacht uirbeach Bhóthar Seoigh a leag an dúshraith do Bhunscoil Phobal Feirste a bunaíodh in 1971.⁴⁶ I mBaile Átha Cliath, d’áitigh Ó Riagáin agus Ó Glasáin go raibh leanúnachas cainteoirí Gaeilge ag dul i bhfad siar i dtaobh bhunú na scoileanna. Léirigh daonáireamh 1926 go raibh cónaí ar a dhá oiread níos mó ná an meánlíon cainteoirí Gaeilge sa chathair i gCluain Tarbh, Drom Conrach, Glas Naíon agus ar an gCarraig Dhubh (idir 13% agus 20%). Mar atá ráite ag na sochtheangeolaithe úd, bhí nasc ann idir na figiúirí sin agus bunú na scoileanna: *‘these areas continue to give support to all-Irish schools... and three of the larger schools today are located in or near them.’*⁴⁷ Ní fhéadfaí a shéanadh, a dúirt Gus Cribben, duine a bhí bainteach le Scoil an tSeachtar Laoch, go raibh *‘a solid Gaelic community in the Ballymun-Santry district when I first came into the neighbourhood in 1941, and the Irish school now established is but one of the extensions of that community.’*⁴⁸

Uaireanta eile, bhí craobhacha áitiúla de Chonradh na Gaeilge mar chuid de na líonraí Gaeilgeoirí sin ar ar bunaíodh na scoileanna lán-Ghaeilge. B’shin a tharla i gcás Scoil Neasáin (1969)⁴⁹ agus go gearr

45 *Ibid.*, 14–15.

46 Mac Ionnrachtaigh, *Language, Resistance and Revival*, 86–90.

47 Ó Riagáin agus Ó Glasáin, *All-Irish Primary Schools in the Dublin Area*, 32.

48 *Irish Press*, an 16 Eanáir 1976.

49 Freagraí ceistneoir a seoladh chuig Máire Ní Fhlathartaigh; Suíomh idirlín

ina dhiaidh sin i gcás Scoil Chualainn (1975), i mBré.⁵⁰ Bhí gaol de shórt idir láidreacht chraobhacha an Chonartha ag leibhéal an stáit agus scaipeadh tíreolaíoch na scoileanna lán-Ghaeilge i gcathracha amhail Bhaile Átha Cliath, Ghaillimh agus Chorcaí.⁵¹ Mura raibh baint dhíreach ag craobhacha áirithe le bunú scoileanna, tugadh tacaíocht in amanna do na feachtais éagsúla. Tharla seo i gcás Craobh Moibhí, Cluain Tarbh, nuair a thacaigh an chraobh le hagóid do scoil lán-Ghaeilge Bhaile Munna agus seoladh airgead chun tacú le Scoil Dhún Chaoin.⁵² Ach tháinig na hiarrachtaí sin ón mbun aníos gan spreagadh ó chinirí an Chonartha. Bhí roinnt Gael agus gníomhairí scoileanna lán-Ghaeilge míshásta leis na heagraíochtaí Gaeilge sna 1970í, an Conradh ina measc. Rinneadh líomhaintí go raibh na heagraíochtaí i bpóca an rialtais agus ceistíodh lucht ceannasaíochta an Chonartha as a laghad a bhí déanta ag an eagraíocht i dtaca le canbhasáil ar son scoileanna lán-Ghaeilge.⁵³ Mar fhreagra air seo, mhol Rúnaí an Chonartha, Donnchadha Ó hAodha, feachtas earcaíochta le linn 1972 mar bhealach chun an Conradh a láidriú agus ‘conraitheoirí a thógaint as na cúlsheomraí (sic) agus cleachtadh a thabhairt dóibh dul i dteagmháil le daoine nach bhfuil suite sa ghluaiseacht.’⁵⁴

Scoil Neasáin.

50 *Irish Independent*, 25 Bealtaine 1978.

51 Tuarascáil timireachta Chonradh na Gaeilge, Fómhar 1973 (Cartlann CnaG, OÉG), G60/2/1/24/003.

52 Tuairisc bhliantúil Craobh Moibhí, 1971-1972 (Cartlann CnaG, OÉG), G60/4/3/14/035.

53 *Combar*, Iml 31, Uimh 4 (Aibreáin 1972), 3-4. Rinne Daithí Ó hÓgáin cáineadh den sórt céanna i 1973, ach leag sé tuilleadh béime ar dhílseacht na nGaeilgeoirí céanna do cibé páirtí polaitiúil a bhí i gcumhacht ag an am, *Combar*, Iml 32, Uimh 6 (Meitheamh, 1973), 6-10; Miontuairiscí Coiste Riartha CNSG, Coláiste Mhuire, 3 Samhain 1973 ('Miontuairiscí ar Chruinnithe Riartha Gaelscoileanna,' Páipéir Priobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

54 Donnchadha Ó hAodha, Rúnaí CnaG, go gach Rúnaí Craoibhe, 20ú Deireadh Fómhair 1973 (Cartlann CnaG, OÉG), G60/4/3/1/15/159.

CAIBIDIL 3:

BUNÚS IDÉ-EOLAÍOCH GHLUAISEACHT NA
GAELSCOLAÍOCHTA, 1969–1976

BHÍ FRÉAMHACHA IDÉ-EOLAÍOCHA níos doimhne i gceist leis an ngluaiseacht a bhí ag teacht faoi bhláth i rith an ama seo chomh maith—fréamhacha a chuaigh siar chomh fada leis an naoú haois déag. Ag tarraingt ar thobar an náisiúnachais chultúrtha a bhí go leor de phríomhbhunaitheoirí na gluaiseachta, agus ar ghnéithe éagsúla den tobar sin. Ba é an tuairim a bhí ag Tomás Mac Gabhann, duine de phríomhbhunaitheoirí na gluaiseachta, agus é ag scríobh go príobháideach chuig Riobard Mac Góráin in 1970, ná gurb é ‘cinniúint’ an neamhspleáchais polaitiúil ná an Ghaeilge a athbheochan, ráiteas a bhí ag teacht go mór le smaointeoireacht na nÉireannach Óg agus na náisiúnach cultúrtha a tháinig ina dhiaidh san fhichiú haois.⁵⁵ Tá sé éasca nasc a tharraingt idir an focal ‘cinniúint’ ar bhain Mac Gabhann leas as agus an ‘*August destiny*’ ar a raibh an Píarsach ag trácht nuair a chuir sé peann le pár agus forógra 1916 á dhréachtadh aige.⁵⁶ Go deimhin, bhí fealsúnacht an Phiarsaigh le braith go mion minic le linn luathbhlianta na gluaiseachta. D’fhreastal Brian Ó Broin ar Scoil Iognáid sna 1970í agus is cuimhin leis go maith atmaisféar na scoile:

Ba chosúil go raibh Niall (Ó Murchadha) ag iarraidh fealsúnacht na scoile a chruthú ar mhúnla Scoil Éanna Phádraig Mac Piarais. Agus bhí Mac Piarais sórt ina dhia againn in san scoil. Is léir go raibh tionchar ag cur chuige Phádraig Mac Piarais ó thaobh oideachais agus fealsúnacht oideachais de ar an scoil.⁵⁷

Chreid *Inniu* go raibh an náisiúnachas céanna le sonrú ag oscailt oifigiúil Scoil an tSeachtar Laoch i mBaile Munna i Mí Dheireadh Fómhair 1973. Thuairisc an nuachtán ar an ócáid faoin gceannnteideal ‘léiriú suntasach ar thírghrá lucht oibre Bhaile Átha Cliath.’⁵⁸ Sna Sé Chontae bhí Pádraig Mac Con Mídhe, duine de bhunaitheoirí Choláiste Art Bennet ar an Mullach Bán i ndeisceart Ard Mhacha, níos cinní faoin

55 Tomás Mac Gabhann go Riobard Mac Góráin, 10 Márta 1970 (Páipéir Priobháideacha Thomáis Mhic Gabhann), 1; David Dwan, *The Great Community: Culture and Nationalism in Ireland* (Field Day, 2008).

56 John O’Connor, *The 1916 Proclamation* 2ú eagr. (Anvil Books, 1999), 24–25.

57 Agallamh le Brian Ó Broin.

58 *Inniu*, 19 Deireadh Fómhair 1973.

nasc idir an teanga agus an náisiúnachas nuair a scríobh sé in *An tUltach* nárbh fhiú ‘dada eolas ar an teanga nach bhfuil bunaithe ar ghrá don teanga agus don tír.’⁵⁹ Cothrom an ama céanna, chuir Séamus Mac Seáin, duine de bhunaitheoirí Bunscoil Pobal Feirste, in iúl don Bhleá Cliathach Deasún Breathnach nuair a chuaigh sé ar chuairt go Béal Feirste gur deis a bhí sa tírghrá a mhúsclaíodh ‘i gcroí na ndaoine’ sna Sé Chontae sna blianta sin de bharr an chogaidh an Ghaeilge a neartú.⁶⁰

Ba ghné eile den náisiúnachas céanna í an bhuairt shuntasach faoi thionchar an Ghalldachais a bhí ag dul chun dochair do mhuintir agus cultúr na hÉireann, agus arís tarraingíodh ar leithéidí Dhubhghlais de hÍde agus a thuairimí a léiríodh ina óráid iomráiteach *The Necessity for De-Anglicising Ireland*.⁶¹ Ba léir go raibh na tuairimí céanna ag bunaitheoirí na scoileanna lán-Ghaeilge thart faoin mbliain 1970, ach iad ag freagairt do bhagairtí nua cosúil leis an teilifís agus páipéir nuachtáin táblóideacha. D’áitigh Breandán Pringle, duine de lucht bunaithe Scoil an tSeachtar Laoch, in 1971, go raibh ‘an pobal i gcoitinne báite faoi chultúr Shasana.’ De bharr lagthoradh a bhí ar fheachtas ‘Ceannaigh Earraí Éireann’ sna blianta roimhe, ba chosúil, dár le Pringle, gur fhág ‘ceist seo an chultúir’ lorg ‘ar thionscal na hÉireann, agus orainn oibrithe.’⁶² Arís, ba théama é seo a bhí le sonrú go láidir i meon lucht athbheochana thús an fhichiú haois—creideadh nach mbeadh rath ar gheilleagair na tíre in éagmais an fhéinmheasa chultúrtha.

Ach níorbh é tionchar Shasana amháin a bhí ag déanamh buartha do bhunaitheoirí na scoileanna lán-Ghaeilge i gcaitheamh an ama seo. I bhfianaise an domhandaithe, bhí imní ann faoi chreimeadh an chultúir Ghaelaigh i gcoitinne, bíodh sin i dtaobh cúrsaí teanga, ceoil nó spóirt. Tuairiscíodh ar an *Irish Independent*, mar shampla, ‘international “jet-set” games like volleyball and basketball are scoring widespread victories in many Irish

59 *An tUltach*, Meitheamh 1971.

60 *Inniu*, an 16 Deireadh Fómhair 1971.

61 Dubhghlas de hÍde, ‘The Necessity for De-Anglicising Ireland (1892),’ i *Selected Documents in Irish History* eag. Josef L. Altholz (Routledge, 2000).

62 *Inniu*, 22 Deireadh Fómhair 1971; D’áitigh Doncha Ó Conchúir, duine de scríbhneoirí *Pobal*, go raibh go leor in Éirinn ag mothú go raibh siad á mbá ‘faoi dhíle Galdachais, díle nach léir aon bhealach éalaithe uaithe tá a réim chom fairsing tréan sin,’ *Pobal*, uimh. 1, Márta 1970, 24.

girls' schools over camogie.'⁶³ Bhí cúrsaí an mheoin ag goilleadh ar Francis P. O'Toole, bunaitheoir eile de chuid Scoil an tSeachtar Laoch, nuair a nocht sé an tuairim go raibh na hÉireannaigh '*fast becoming a race of West-Britons-cum-Americans-cum-British Commonwealth nobodies.*'⁶⁴ Impleachtaí na ballraíochta sa Chomhphobal Eorpach a bhí ag dó na geirbe d'Éilís Bean Uí Riain, comhbhunaitheoir CNSLG, nuair a scríobh sí chuig an *Irish Press* in 1972. Bhí baol ann, chreid sí, d'fhéiniúlacht na tíre '*if we enter the E.E.C without a language of our own.*'⁶⁵ Labhair Breandán Feiritéar, gníomhaire a bhí chun cinn ag cosaint dhúnadh Scoil Dhún Chaoin, ar na fórsaí céanna;

Feiritéar: 'B'fhéidir gur déanadh cúis níos mó ná cúis scoile den gcúis, mar go raibh an saol neamhbhearnaithe sin go rabhas ag caint ar ag an bpointe sin ag teacht chun deiridh.

Ó Luain: 'Ar fud na tíre?'

Feiritéar: 'Ar fud na tíre. Bhí an tuiscint sin ann. Ní hamháin sa Ghaeltacht ach lasmuigh den Ghaeltacht.'⁶⁶

Bhí ról áirithe ag an gCaitliceachas i ngríosú roinnt de na daoine a bhí mar chuid de ghluaiseacht na scoileanna lán-Ghaeilge ar dtús. Ag oscailt oifigiúil Coláiste Eoin agus Íosagáin, sa bhliain 1975, labhair an tSiúr Victoire, Uachtarán Cholaíste Íosagáin, faoi thábhacht na gcolaistí sin;

Ar bhealach amháin is iarracht nua atá ar bun againn anseo, ach ar bhealach eile baineann sé le traidisiún a théann siar go dtí an Píarsach nuair a bhunaigh sé Scoil Éanna... Tá traidisiún eile ann a théann i bhfad níos faide siar ná aimsir an Phiarsaigh. Táim ag tagairt don obair a bhí ar siúl ag na Bráithre Críostaí riamh ar son na Gaeilge... Ar an láthair seo anois tá an dá thraidisiún ag teacht le chéile.⁶⁷

Ní díol mór suntais é go mbeadh dearcadh dá leithéid ag bean rialta, dár ndóigh. Ach tá fianaise ann gur leagadh dúshraith Scoil Neasáin, Ráth Éanaigh, agus Scoil Naithí, Dún Droma, ar phobail Gaeilgeoirí a bhí ag freastail go rialta ar aifreann Gaeilge sa dá cheantar sin.⁶⁸

63 *Irish Independent*, an 28 Eanáir 1970.

64 *Irish Press*, an 1 Márta 1971.

65 *Irish Press*, an 11 Márta 1972.

66 Agallamh le Breandán Feiritéar.

67 *Inniu*, an 10 Deireadh Fómhair 1975.

68 Oisín Ó Siochrú go Monsingor Mac Giolla Phádraig 1969; *Inniu*, 20

Mar a deir Brian Ó Broin faoi Scoil Iognáid, a iompaíodh ina scoil lán-Ghaeilge in 1971, ‘bhí fealsúnacht na nÍosánach fite fuaite isteach i gníomhaíocht laethúil na scoile.’⁶⁹ Ó thuaidh i mBéal Feirste, mar a chumhin le Séamus Mac Seáin, ‘ní luaithe a bhí feachtas an Aifrinn thart gur dhírigh muid ár n-aird ar an Ghaeloideachas den chéad uair.’⁷⁰ I mBaile Munna, ba i ndiaidh do Scoil an tSeachtar Laoch teacht ar an bhfód a chuaigh roinnt de na gníomhaithe céanna i mbun feachtais chun dhá aifrinn Gaeilge a fháil don cheantar faoi dheireadh 1972.⁷¹

Ní hé gur cúis chonspóide a bhí i gcúrsaí reiligiúin i measc lucht bunaithe na scoileanna lán-Ghaeilge. Mar sin féin, i gcás Bhaile Munna, theastaigh ó chuid den ghrúpa—Peggy Walsh, Tommy Gibson, mar shampla, daoine a chur Colm Ó Torna síos orthu mar ‘lefties’—go mbunófaí an scoil go neamhspleách ar phátrúnacht na hEaglaise Caitlicí. Bhí móramh an lucht bunaithe agus na dtuistí in aghaidh an smaoinimh sin. Theastaigh ó na tuistí agus lucht bunaithe na scoileanna go mbeadh an tEaspag mar phatrún.⁷² Ach b’fhacthas do roinnt acu go raibh na sagairt áitiúla ag cur bac ar aon dul chun cinn. Mhínigh duine díobh, Criostóir Ó Floinn, agus é airdeallach, shílfeá, ar chumhacht an scanraidh dheirg, nárbh ‘aon chumannach mise... ach Caitliceach, ach is é mo thuairim gurb í an Eaglais Chaitliceach an phríomhfhadhb anseo.’⁷³ I gcásanna eile, ba léir go raibh dílseacht níos láidre ag gníomhaithe na scoileanna lán-Ghaeilge don Eaglais. Ba rúnaí ar an Federation of Christian Brothers’ Parents Associations í Éilís Bean Uí Riain an tráth seo—an tráth céanna a raibh sí mar Chathaoirleach ar Comhdháil Náisiúnta na Scoileanna Lán-Ghaeilge (CNSLG). Mar atá léirithe ag Áine Hyland, chuir eagraíocht tuismitheoirí na mBráithre go láidir i gcoinne fhorbairt an Dalkey School Project, scoil ilchreidmheach, i lár na 1970í.⁷⁴

Deireadh Fómhair 1972.

69 Agallamh.

70 Mac Seáin, *D’imigh Sin agus Tháinig Seo*, 107.

71 *Inniu*, an 29 Meán Fómhair 1972.

72 Agallamh.

73 *Inniu*, an 22 Deireadh Fómhair 1971.

74 Áine Hyland, *A Brave New Vision for Education in Ireland: the Dalkey School Project, 1974-1984* (Áine Hyland, 2020), 96, 104.

Bhí dioscúrsa an daonlathais, agus na gceart a creideadh a bhí tuillte laistigh den chóras liobrálach daonlathach, go mór i mbéal na ngníomhaithe chomh maith. Nuair a rinneadh tuairisc ar *Inniu* i bh-Feabhra na bliana 1970 ar an gcruinniú cinn bliana a bhí ag na Teaghlaigh Ghaelacha, ba i dtéarmaí an daonlathais a chuir an grúpa a gcuid éileamh ar son oideachas dá bpáistí in iúl. Mar a d'argóin Cathaoirleach an ghrúpa, Seosamh Ó hÓgartaigh: 'ceann de na bunphrionsabail ag gabháil le stát daonlathach ná go bhfuil cearta áirithe, taobh istigh den dlí, ag an mionlach, ach má scrúdaímid an timpeallacht ina bhfulimid ag iarraidh ár bpáistí a thógáil le Gaeilge, ní hionadh é go ndeirimid "cá bhfuil ár gcearta faoin mbunreacht"?'⁷⁵ Ba aidhm é de chuid Tomás Mac Gabhann, comhbhunaitheoir CNSLG, go ndéanfaí daonlathú ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge le 'bheith cosúil le Comhairle na gCeardchumann.'⁷⁶ Mhínigh mac Mhic Gabhann, Ultán, gur 'chreid sé go láidir sa daonlathas áitiúil' agus 'tábhacht an phobail áitiúil.' Bhí seo le sonrú ina chúlra, óir bhí sé 'gafa le bunú comhar creidmheasa in Éirinn' agus, sa mhullach air sin, 'ba iar-eagraí ceardchumainn é chomh maith.'⁷⁷ Ní raibh an náisiúnachas cultúrtha agus an daonlathas áitiúil ag teacht salach ar a chéile más ag trácht ar oidhreacht idé-eolaíochta na ngníomhaithe atáimid in athuair. D'fheidhmigh na hÉireannaigh Óga sa mhúnla céanna sna 1840í, áit a ndearnadh clár cultúrtha na seomraí léitheoireachta a imeascadh le mianta an daonlathais áitiúil i mbailte ar fud na tíre.⁷⁸ Nuair a rinneadh buanú ar na scoileanna lán-Ghaeilge luath faoi thús agus lár na 1970í, bhí an daonlathas ar cheann de na tréithe ba láidre ar cuireadh sonrú ann. Agus é ag scríobh ar a thaithí mar phríomhoide ar Scoil Neasáin in *Comhar* in 1972, dheimh-nigh Mícheál Ó Fathaigh go raibh sé 'de bhua ag na bunscoileanna lán-Ghaelacha go bhfuil bunús an chomhoibrithe seo dúchasach dá gcomhdhéanamh.'⁷⁹ Thagair Colma Nic Aoidh, a bhí ina dalta i mBun-

75 *Inniu*, an 6 Feabhra 1970.

76 Tomás Mac Gabhann go Riobard Mac Goráin, 10 Márta 1970 (Páipéir Príobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

77 Nótaí ó Últán Mac Gabhann, Bealtaine 2021 (Páipéir Príobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

78 Laurence Fenton, *The Young Ireland Rebellion and Limerick* (Mercier Press, 2010), 40–41; Kerron Ó Luain, 'Young and Old Ireland: Repeal politics in Belfast, 1846–1848,' *New Hibernia Review* 22, uimh.2, (2018), 47.

79 *Comhar*, Bealtaine 1972, 25.

scoil Phobal Feirste, don chaoi a raibh lucht bunaithe Bhóthar Seoi-
ghe i mBaile Andarsan agus Bunscoil Phobal Feirste ‘sásta éisteacht le
chéile. Ní raibh titim amach mór’ agus bhí siad ‘in ann comhoibriú le
chéile.’⁸⁰

Ba í an chúis idé-eolaíochta ba mhó a mhúscail lucht bunaithe
na scoileanna lán-Ghaeilge sna Sé Chontae Fichead ná an tuiscint a
bhí acu ar theip Fhianna Fáil an athbheochan a chur i gcríoch. Cháin
Francis P. O’Toole an páirtí i leathanaigh an *Irish Press* in Earrach na
bliana 1971. Bhí an páirtí, dar leis, tar éis a bheith i gcumhacht le trí-
cha cúig bliain agus teipthe orthu an aidhm sin a bhaint amach. Lu-
aigh sé dúnadh na scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht. Lena ais sin,
dúirt sé nach raibh oiread is scoil lán-Ghaeilge amháin bunaithe ag
an Roinn Oideachas faoi réimeas Fhianna Fáil lasmuigh den Ghael-
tacht.⁸¹ Ní róthógtha a bhí *Combar* le Fianna Fáil ná leis an Aire Oide-
achais, Pádraig Faulkner, an bhliain dár gcionn, 1972. Caitheadh aníos
ar Faulkner go searbh mar ‘dúntóir Scoil Dhún Chaoin... Athoscailte-
oir Scoil Rinn na Feirste, Foilsitheoir na dtéacsleabhar Gaeilge, Fear
an Tí Marlborough House... Balor Béimeannach Scoil Bhaile Muna.’⁸²
Ina theannta sin, chreid eagarthóirí na hirise gur chuir Fianna Fáil le
díshlógadh na nGael, óir bhí ‘an iomad de lucht na Gaeilge a cheapann
fós go gcuirfidh Fianna Fáil gach a bhfuil ag teastáil ar fáil ach go leor
litreacha agus meamraim a chur chucu.’⁸³ Bhí Mac Gabhann tagtha ar
an tuairim chéanna trína thaithí pearsanta faoi 1970, áit ar bhain Fianna
Fáil leas siombalach as an teanga. Agus é ag scríobh go príobháide-
ach an bhliain sin luaigh sé go raibh díomá air gur chuir sé féin agus
a chomhghleacaithe ócáidí Gaeilge ar bun ar son an pháirtí ar feadh
na mblianta. D’aontaigh sé leo siúd ‘a deireann nach raibh ionta ach
leithscéaltaí don Rialtas agus ócáidí do na bodaí móra iad fhéin a chuir
in iúl don phobal mar fhíorghaeil.’⁸⁴

Gné idé-eolaíochta eile a bhain le gluaiseacht na Gaelscolaíochta

80 Agallamh.

81 *Irish Independent*, an 28 Eanáir 1970.

82 *Combar*, Aibreán 1972, 3–4.

83 *Combar*, Márta 1973, 3.

84 Tomás Mac Gabhann go Riobard Mac Goráin, 10 Márta 1970 (Páipéirí
Príobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

ná go raibh tuiscint uile-Éireann ina measc. Thug baill de chuid Chumann Cluain Árd agus bunaitheoirí Bhunscoil Phobal Feirste dúshlán an mheoin chríochdeighiltigh ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge in 1973. Dúradh i rún a chuir siad chun cinn go raibh ‘ceart doshéanta (ag) aos-óg uile na hÉireann chun Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid.’⁸⁵ Samhlaíodh an náisiún mar an náisiún Gaelach—náisiún a chuimsigh na tríocha dó chontae in Éirinn. Ba ghluaiseacht fhrith-chríochdeighilteach a bhí inti ón tús, más ea. Níor fógraíodh a leithéid go sonrach ag an leibhéal náisiúnta riamh. Ach bhí sé le tuiscint, agus d’fhorbair naisc nádúrtha thrasteorann uaidh sin. Mar shampla, chuaigh muintir Bhéal Feirste ar chuairteanna dlúthpháirtíochta go Baile Átha Cliath agus *vice versa*. Arsa Seán Mac Seáin, duine de bhunaitheoirí Bhunscoil Phobal Feirste:

Ag pointe amháin, fuair muid cuireadh go Baile Munna... chuaigh scaifte againn ann agus d’fhan muid le tuismitheoirí na ndaltaí in sna tithe agus bhí drámaí ar siúl againn. Seans a thabhairt do na páistí agus na tuismitheoirí bualadh le céile... Bhí teagmháil láidir againn leis an scoil sin... de lucht oibre sinn féin (chomh maith)...⁸⁶

Agus ó dheas, ba léir go raibh CNSLG feasach ar an méid a bhí ag titim amach le Bunscoil Phobal Feirste. I meamram amháin in 1973, tagraíodh do naimhdeas ‘údaráis oideachais sna sé chontae’ agus éilíodh ar an Roinn Oideachais i mBaile Átha Cliath ‘an cheist a scrúdú féachaint conas a fhéadfaí (cabhair) a thabhairt dóibh.’⁸⁷

Poblachtachas de sórt a bhí sa mhéid sin, rud a bhí le braith ar bhealaí eile freisin. Faoi 1973, ba é Coláiste Mhuire lárionad na gluaiseachta a bhí ag teacht ar an bhfód ó dheas. I Samhain na bliana sin, eagraíodh seimineár faoi fhadhb na dtéacsleabhar agus ba i ‘Seomra 1916’ den choláiste a reáchtáladh é.⁸⁸ Ach níorbh ionann sin agus a bheith mar chuid de ghluaiseacht pholaitiúil nó mhíleata an po-

85 *Inniu*, an 27 Aibreán 1973.

86 Agallamh le Máire Nic Sheáin.

87 Meamram de chuid Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Gaeilge, 5 Samhain 1973 (‘Miontuairiscí ar Chruinnithe Riartha Gaelscoileanna,’ Páipéirí Príobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

88 Miontuairiscí Coiste Riartha CNSG, Coláiste Mhuire, 3 Samhain 1973 (‘Miontuairiscí ar Chruinnithe Riartha Gaelscoileanna,’ Páipéirí Príobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

blachtachais a bhí faoi lán seoil i dTuaisceart na tíre an tráth sin. An bhliain dár gcionn, 1974, chuir *Combar* ceist ar phoblachtaigh an ‘fiú Poblacht athaontaithe na hÉireann gan teanga, gan chultúr?’⁸⁹ Tá lorg láidir smaointeoireacht an Phiarsaigh, roimh dó dul i dtreo éirí amach, sa mhéid sin;

When the Irish language disappears, Irish nationality will ipso facto disappear, and for ever. Political autonomy, on the other hand, can be lost and recovered, and lost again and recovered again.⁹⁰

Cé gurb ann dóibh siúd ag an am a chreid i dtosaíocht an chatha chultúrtha, mar ba léir ó shaol Mháirtín Uí Chadhain, d’fhéadfaí dul i mbun an phoblachtachais mhíleata agus na timireachta cultúrtha, ach an dá shaghas gnó a scaradh ar bhonn praiticiúil.⁹¹ Ba phoblachtach go smior é Pádraig Ó hEarcáin, céad phríomhoide Scoil an tSeachtar Laoch, ach níor cuireadh páirtí poblachtach ar leith ná an poblachtachas *per se* chun cinn sa scoil riamh.⁹² Mar sin féin, bhí tréithe den phoblachtachas intuigthe sa scoil; ainm na scoile a thagair do shínitheoirí Fhorógra 1916, mar shampla. Go deimhin, bhí blas láidir de chaint an Chadhnaigh sa mhéid a scríobh Colm Ó Torna, duine de bunaitheoirí na scoile, ar *Inniu* in 1976;

Caithfear obair na scoile a thuiscint i gcomhthéacs obair na Gaeilge ar bhonn náisiúnta, agus is i dtreo fíorú físe Mhic Phiarais agus Uí Chonghaile a bhí muintir Bhaile Múna ag saothrú, le go mbeadh Éire Saor agus Gaelach agus acmhainn éirime agus fisiciúil na tíre á saothrú ag muintir na hÉireann agus faoi smacht mhuintir na hÉireann.⁹³

Ba é meon an díchoilínithe phoblachtaigh a bhí á chraobhscaoileadh ag Ó Torna, dár ndóigh. Bhí tuiscint faoi thionchar an choilínithe le baint ón méid a rinne tuismitheoirí páistí scoile i Rann na Feirste nuair a chuir siad achainí chuig an Aire Oideachais, Pádraig Faulkner, sa bhliain 1970. Chonacthas do na tuismitheoirí go raibh dochar á dhéanamh do Ghaeilge a bpáistí ó athraíodh iad go scoil eile i gcuid den Ghaeltacht nach raibh an teanga chomh láidir inti. Cuireadh brú

89 *Combar*, Bealtaine 1974, 3.

90 *An Claidheamh Soluis*.

91 Aindrias Ó Cathasaigh, *Ag Samblú Troda: Máirtín Ó Cadbain, 1905-70* (Coiscéim, 2002), 61-68.

92 Agallamh le Colm Ó Torna.

93 *Inniu*, an 24 Meán Fómhair 1976.

ar Faulkner síceolaí a sholáthar chun scrúdú a dhéanamh ar na páistí chun an dochar a rinneadh a thomhais—ghéill an tAire don éileamh ar deireadh de bharr an bhrú a tháinig ó theachtaí dála áitiúla sa chontae.⁹⁴ Le linn an fheachtais chun Dún Chaoin a choimeád ar oscailt i dtrátha an ama chéanna, chuir Breandán Ó Buachalla, léachtóir i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, an troid in iúl sa mhúnla céanna nuair a dúirt sé gurb é a bhí san fheachtas ná ‘cath idir an pobal agus an “murder machine.”’⁹⁵ B’amhlaidh an scéal sna Sé Chontae, áit ar lonnaigh Máire Mhic Sheáin, duine de chéad mhúinteoirí Bhunscoil Phobal Feirste, bunú na scoile mar thoradh ar obair fhada na hathbheochana ag dul siar cúpla céad bliain ‘agus na daoine a chuaigh, gan pingin rua, a theagasc Gaeilge i seomraí Chumann Lúthchleas Gael, i seomraí i dtithe, i seomraí i hallaí.’⁹⁶ Ar an tslí chéanna, bhraith an bhean Ghaeltachta, Cáit Uí Chonalláin, a bhí lárnach i mbunú Scoil Naithí go ndearnadh faillí ar an teanga go stairiúil. Murab ionann agus na gníomhaithe cathrach ar theastaigh uathu athbheochan a chur sa tsiúl, ba é an ‘leanúnachas’ teanga ar thagair sí dó.⁹⁷ Níor briseadh an leanúnachas sin sa Ghaeltacht, mar sin, ní raibh aon rud le hathréimniú, ach rud a chaomhnú.

Nuair a cuireadh ceist ar ghníomhairí, oideachasóirí agus iardhaltaithe na tréimhse seo faoi thábhacht na Gaeilge agus na Gaelscolaíochta ar bhealach níos díri, nochtadh tuairimí spésiúla, cuid díobh i gcontrárthacht le chéile. An cineál díchoilínithe a bhí i gceist ag Ó Torna, bhain sé leis an anam agus bhí an ceart ag gach aon aicme sa tsochaí páirt a ghlacadh ann:

B’fhéidir gurb é an rud is mó atá ann ná gur thóg sé isteach tuiscint go mbaineann cultúr agus meanma phobail le gach aon réimse ins an phobal féin. Ní bhaineann sé le aon aicme áirithe nó grúpaí áirithe. In áit éigin inár n-inmhe spioradálta tá dúchas. Agus caithfear freastal ar an dúchas sin chun aon phobal nó aon mhórphobal a thógaint slán. Má chailtear sin, bíonn tú ag aithris ar dhaoine eile. Bíonn tú ag lorg lasmuigh den tír féin chun freagraí a fháil ar na ceistanna. Agus is dóigh liom an rud is mó ná go gcruthaíonn sé dúchas agus go spreagann sé sin féinmhuinín áirithe i bpobal. Agus go gcuirtear thú ar aon chéim le aon phobal fud fad na tíre, fud fad an domhain

94 *Inniu*, an 8 Deireadh Fómhair 1970.

95 *Inniu*, an 2 Deireadh Fómhair 1970.

96 Agallamh le Máire Nic Sheáin.

97 Agallamh.

d'fhéadfá a rá. B'fhéidir gur sin an neamhspleáchas cultúrtha. Tá sé an-bhúnúsach agus ní luaitear é mórán ná aon rud. Mura bhfuil meas ag pobail uilig tíre orthu féin agus ar an dúchas a bhfuil acu agus an rud as ar tháinig siad, ní bheidh aon rath i ndán dóibh sa todhchaí.⁹⁸

Bhí ceist na féiniúlachta agus ceist an díchoilínithe go mór chun cinn in aigne Bhriain Uí Bhroin chomh maith:

Nuair a thosaigh mise amach ar mo thuras teanga, ba í féiniúlacht... an rud ba thábhachtaí dom. Mar a dúirt mé, ba í mo thuras timpeall na hEorpa a d'athraigh m'intinn ó thaobh teanga na hÉireann de. Agus smaoiním ariamh ar rud a dúradh ceithre chéad bliain ó shin “if the language be English, so the action and thoughts will also be English.” Idir an dá linn, nílím go hiomlán cinnte gurb ionann teanga agus féiniúlacht, ach sin mar a thosnaigh mé amach. Ní fheicim in Éirinn Bhéarlach ach tír Angla-Éireannach. Anois níl aon rud cearr leis sin is dócha—tá cónaí orm sna Stáit Aontaithe. Ach sílim gur mba thrua é go gcaillfeadh Éire an t-aon rud a dheighleáilcann í ón bhfathach Angla-Éireannach seo... má táimid chun díchoilíniú a dhéanamh ar an tír. Agus táimid coilínithe. Is tír an-iarchoilínach muid. Má táimid chun deireadh a chur leis an gcoilíneachas sin, caithfimid an Béarla agus cultúr an Bhéarla a bhrú ar ais amach arís.⁹⁹

D'aineoinn smaointeoireacht an díchoilínithe a bheith i dtreis, tugadh tosaíocht don oideachas i gcónaí. Mar a mhíníonn Niall Ó Murchadha, a bhunaigh scoil lán-Ghaeilge Scoil Iognáid, cé gur leagadh béim ar an teanga, bhí an ceol, na cluichí Gaelacha, stair na hÉireann, agus ‘caighdeán ard oideachais’ ann chomh maith. ‘Níor mhaith liom go mbeadh siad taobh thiar d’aon scoil eile.’¹⁰⁰ Tugann Brenda Ní Shúilleabháin, duine de bhunaitheoirí Scoil Chrónáin (1975) agus céad phríomhoide na scoile, léargas ar an gcineál céanna smaointeoireachta, áit a raibh an Ghaeilge ina ‘bunchloch’:

An fhís a bhí agam, ba fhís oideachasúil í. Níorbh fhís athréimnithe teanga in aon chur í, mar mhothaíos, agus motháim, nuair a roghnaíonn tuismitheoir páiste a chur go dtí Gaelscoil go bhfuil an socrú teanga déanta. Táimid go léir ar aon fhocal maidir le teanga... agus dá bhrí sin sé an ghnó atá agamsa ná an oiread oideachais den gcáilíocht is fearr is féidir a chur ar an oiread páistí agus is féidir. Sin í a bhí agam mar fhís. Theastaigh uaim páistí a fhorbairt a bheadh cumasach iontu féin, go mbeadh cead acu a dtuairimí a chur in iúl, go mbeadh meas acu ar a dtuairimí ach go mbeidís in ann iad a

98 Agallamh.

99 Agallamh.

100 Agallamh.

chosaint, go mbeadh scileanna anailíse acu...'¹⁰¹

Beag beann ar chúrsaí teanga, tá cosúlachtaí sa smaointeoireacht oideachasúil thuas le fealsúnacht an Phiarsaigh. Ba é an gné ba thábhachtaí don Phiarsach san fhorbairt scolaíochta, agus é ag scríobh chuig Eoin Mac Néill in 1908 faoi bhunú Scoil Éanna, ná '*formation of character*' an pháiste.¹⁰² Ba é ról an mhúinteora, i bhfocail an Phiarsaigh, ná '*to discover the individual bents of his pupils, the hidden talent that is in every normal soul*'.¹⁰³

Dar le Colma Nic Sheáin, ní bhíonn fíis fhadtéarmach chomh huailmhianach nó chomh idé-eolaíoch ann nuair a chuirtear tús le togra Gaelscolaíochta ná le togra pobail Gaeilge. 'Níl bunspríoc ann sílim, go dtaistealaíonn daoine síos bóthar agus má tá tú ag dul i dtóir spríoc amháin ní éireoidh leat... anseo (i mBéal Feirste), chuaigh siad céim ar céim... ní raibh siad ag smaoiniú faoin mhórphobal ach sin an áit a ndeachaigh sé...'¹⁰⁴ Tá sé mar aidhm, mar sin féin, ag Éilís Uí Langáin, a bhí ar dhuine de bhunaitheoirí Scoil an tSeachtar Laoch, go leathnófaí an obair a rinneadh amach ón scoil go togra éigin níos leithne a bhaineann leis an athghabháil agus an fhéinmheasa náisiúnta: 'Ní bheidh mise timpeall chun é a fheiscint *but* ba mhaith liomsa é sin a fheiscint, go mbeidh ár tír in ann seasamh ar ár (gcosa) féin arís.'¹⁰⁵

Ní nach ionadh, mar sin, go raibh dearcadh idirnáisiúnta díchoilínithe, nó, ar a laghad, dearcadh a léirigh dlúthpháirtíocht le mionteangacha eile, ag formhór na n-agallaithe nuair a ceistíodh iad. Mhínigh Breandán Feiritéar na naisc a bhí ag Scoil Dhún Chaoin leis an mBreatain Bheag, mar shampla:

Bhí scoil dhúnta sa Bhreatain Bheag ag an am. (Ysgol) Bryncroes an ainm a bhí ar an scoil. Thángadar siúd go Dún Chaoin... Bhí daoine ar nós Dafydd Iwan agus Kim Jones agus daoine mar sin, thángadar siúd go Dún Chaoin... Bhí an-tionchar acu sin orainn chomh maith. B'shin an chéad uair a chuala muid ceol nua-aoiseach ón mBreatain Beag. Ní raibh aon Raidió na Gael-

101 Agallamh.

102 Declan Kiberd agus P.J. Matthews, *Handbook of the Irish Revival: An Anthology of Irish Cultural and Political Writings, 1891–1922* (Abbey Theatre Press, 2015), 98.

103 Atkinson, 'The educational ideas of Patrick Pearse, 1879-1916,' 71.

104 Agallamh.

105 Agallamh.

tachta ná aon ní mar sin againn.¹⁰⁶

Agus mar a mhíníonn Uí Langáin, a d'óstáil dreamanna idirnáisiúnta i seomra beag faoi árasán i mBaile Munna: 'Do bhí daoine as Albain agus an Bhreatain Bheag agus ó *Brittany*... Basques... i gcónaí bhí daoine mar sin ag teacht go Baile Munna. Bhí rudaí ar siúl idir Seachtar Laoch agus na tíortha sin.'¹⁰⁷ Bhí meon domhanda ag an múinteoir óg ón gCeathrú Rua, Máire Ní Fhlathartaigh, a bhí ar dhuine de bhunaitheoirí Scoil Neasáin agus baint aici le Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta. Mar a deir sí, bhí sí 'eolach go raibh go leor pobal ar fud an domhain ag éileamh a gceart.'¹⁰⁸

106 Agallamh.

107 Agallamh.

108 Freagraí ceistneora Máire Ní Fhlathartaigh.

CAIBIDIL 4:

**RÁTH ÉANNA AGUS DÚN CHAOIN,
1969–70—‘CHEAP MÉ... GO RAIBH RUD ÉIGIN
AG TARLÚ Ó THAOBH NA GAELIGE DE’**

THÁINIG BORRADH FAOI DHÁ FHEACHTAS Gaelscolaíochta a bhí os cionn dhá chéad míle ar shiúl óna chéile le linn na mblianta seo—i mbruachbhaile Ráth Éanna i mBaile Átha Cliath agus i bparóiste Dhún Chaoin i nGaeltacht Chorca Dhuibhne. Tabharfar léargas sa chaibidil seo ar an dá fheachtas chomhthreomhara sin, ar na comhthéacsanna inar fhorbair siad, ar an tionchar a bhí acu ar a chéile, agus ar na luathiarachtaí brú-eagraíocht náisiúnta a bhunú.

Bhí iarrachtaí ar bun ó 1961 i leith scoil lán-Ghaeilge a bhunú i Ráth Éanaigh. Tháinig buíon tuismitheoirí le chéile ar theastaigh uathu scoil a bhunú ar an múnla céanna le Scoil Lorcáin a bunaíodh i mBaile na Manach i nDeisceart Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1952. Thóg sé ocht mbliana orthu an plean a chur i gcríoch go dtí gur tháinig Scoil Neasáin ar an bhfód in 1969.¹⁰⁹ Ní hamháin sa choincheap a bhí an leanúnachas idir Scoil Neasáin agus Scoil Lorcáin le sonrú—tugadh cabhair phraiticiúil. Mar a mhíníonn Máire Ní Fhlathartaigh, ‘fuair muid comhairle ó mhúinteoirí Scoil Lorcáin.’ Bhí baint lárnach ag mná Gaeltachta le Scoil Neasáin chomh maith. Ba mhúinteoir Gaeltachta í Ní Fhlathartaigh agus bhí comhghleacaithe Gaeltachta ann léi ag an tús—Áine Uí Chomhraí, Nóirín Ní Chonghaile, agus, ar feadh seala, Caitlín Maude, agus cur amach acu ‘ar an gcóras scolaíochta sa Ghaeltacht.’¹¹⁰ Agus an dul chun cinn sin ag tarlú, bhí cúlú na Gaeilge sa chóras oideachais ag dul in olcas go mór. De réir figiúirí na Roinne Oideachais ní raibh ach 14 ‘scoileanna speisialta Gaelacha’ ag feidhmiú le linn na mblianta 1968–1972. In 1971, bhí 2,278 dalta ag freastal ar na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna seo agus b’ionann sin agus 0.44% de líon na ndaltaí uilig (512,370) a bhí ar scoil sa stát.¹¹¹

Idir an dá linn, bhí an meon san Eaglais Chaitliceach tar éis claochlú, go pointe, i dtéarmaí an oideachais. Thiar in 1961, bhí smacht na hEaglaise ar an gcóras i bhfad ní ba láidre. Faoi dheireadh na 1960í i

109 Suíomh idirlín Scoil Neasáin.

110 Freagraí ceistneora Máire Ní Fhlathartaigh.

111 *An Roinn Oideachais: tuarascáil staitistiúil*, 1968/9–1971/2.

nDeoise Bhaile Átha Cliath, tuigeadh go raibh éileamh daonlathach ag teacht ó thuismitheoirí ón mbun aníos agus go mbeadh ról níos lárnai i saol na scoile uathu.¹¹² Mar fhreagra ar an mbagairt seo, thosnaigh an Deoise ag cabhrú le cumann tuismitheoirí a bhunú sna scoileanna Caitliceacha chun cumhacht aon chumainn náisiúnta a thagadh ar an bhfód a laghdú.¹¹³ Ach mar a mhaígh Liam Martin, Rúnaí na Deoise, agus é tar éis labhairt le Monsignor Fitzpatrick ar an ábhar, braitheadh *‘that certainly at the moment the parish clergy are not ripe for such a development since they have not yet accustomed themselves or, to put it another way, have not been educated to the idea of the participation of parents in school matters.’*¹¹⁴ Bheadh tábhacht as cuimse, mar sin, ag an sagart áitiúil i scéal na scoileanna lán-Ghaeilge.

Mar sin féin, beag beann ar chúrsaí áitiúla, d’athain léachtóir amháin i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, Mícheál Ó Murchú, go raibh ‘nuafhórsa saolaithé’ agus é ag scríobh i dtrátha an ama chéanna. Ri-anaigh sé Gluaiseacht na dTuistí i leith Scolaíochta (1969), Cumann um Dhaonlathas in Oideachas (1971), an Cumann chun an Curaclam a Fhorbairt in Éirinn (1971), na scoileanna lán-Ghaeilge, agus grúpaí beaga áitiúla eile a bhí ag obair chun feabhas agus cruth níos daonlathaí a chur ar an gcóras oideachais dá bpáistí, mar chuid den fhórsa seo.¹¹⁵ An bhliain dár gcionn luaigh Ó Murchú teacht ar fhód *The Education Times* mar shampla eile den bpróiseas céanna.¹¹⁶ Aithníodh ag an am go raibh na córais bhainistíochta sna scoileanna mífheiliúnach agus mídhaonlathach. Dúradh in *Pobal*, nuachtán radacach Gaeilge, gur mithid bord stáit a bhunú chun plé leis na scoileanna lán-Ghaeilge go sonrach. Ceann de na cúiseanna leis seo ná nach raibh ‘córas na bainistíochta sagartachta feiliúnach do na bunscoileanna Gaeilge... D’fhéadfadh bainisteoirí oifigiúla Scoil Bhríde agus Scoil Lorcáin iad a chasadh ina scoileanna Béarla amárach agus ní bheadh aon bhealach ag na tuismitheoirí cur ina n-aghaidh.’¹¹⁷ Scagadh an cheist seo i measc roinnt Gael i gcomhthéacs an choilíneachais. Bhí an méid sin soiléir

112 Mother Jordana chuig an tAthair Liam Martin, 1969.

113 *Ibid.*, Liam Martin chuig Mother Jordana 10 Márta 1969.

114 Liam Martin chuig Mother Jordana 31 Márta 1969.

115 *Comhar*, Deireadh Fómhair 1972, 6–7.

116 *Ibid.*, Bealtaine 1973, 15.

117 *Pobal*, Márta 1971.

i gcás Shéamuis Uí Buachalla, Coláiste na Tríonóide: ‘an córas bainistíochta a tugadh isteach in 1831, is é atá i réim go fóill maidir le togáil, úinéireacht agus bainistíocht na scoileanna náisiúnta.’¹¹⁸ Mar ba léir ó rialacha Choiste na Scoile do Scoil Neasáin, bhí an daonlathas, agus smacht na dtuismitheoirí féin ar an gcoiste, ríthábhachtach. Bhí 23 riail a bhainistigh feidhmiú an choiste. Dosaen a bhí le bheith ar an gcoiste agus ‘gan thar triúr nach de thuismitheoirí na Scoile iad dó (sic) bheith ina mbaill.’¹¹⁹ Mar a mhínigh duine de bhunaitheoirí an choiste, Máire Ní Fhlathartaigh, an rud a bhí uathu ná ‘Bord a bheadh ionadaíoch ar phobal an cheantair idir mhúinteoirí, thuismitheoirí agus an pobal trí chéile.’¹²⁰

Faoin mbliain 1970, bhí ag éirí go maith le Scoil Neasáin páistí a mhealladh chun na scoile. Ba ghearr go raibh tuilleadh spáis de dhíth, ach ba bheag spéis a bhí ag an Roinn Oideachais cabhair a thabhairt agus tagraíodh do rialacha a chuir cosc orthu talamh a sholáthar do scoileanna. Dá réir sin, cuireadh tús le feachtas i rith an tsamhraidh chun brú a chur ar Bhardas Chathair Bhaile Átha Cliath suíomh a gheallúint don scoil. Mar chathaoirleach an Choiste Scoile, agus duine a bhí ag obair le Gael-Linn, ba é Brian Ó Baoill ba mhó a bhí i mbun na hidirbheartaíochta leis an stát i rith an ama seo. Seoladh litreacha, léarscáileanna le moltaí le haghaidh suímh, agus meastacháin ar an bhfás a thiocfadh ar líon na ndaltaí sa scoil, chuig Bainisteoir an Bhardais, agus ina dhiaidh sin go George Colley, an tAire Airgeadais agus Gaeltachta.¹²¹ Faoin bhFómhar, agus i ndiaidh neart cur agus cúiteamh, d’aontaigh Colley i bprionsabal go n-íocfadh an stát cuid de chostas an tsuímh, luach £25,000.¹²²

Cé go raibh lucht a mbunaithe feasach ar dhrochstaid na scoileanna lán-Ghaeilge ag leibhéal an stáit, ba éacht áitiúil a bhí i mbunú Scoil Neasáin. Ar na daoine a bhí ag smaoineamh faoi eagraíocht níos leithne a bhunú a thabharfadh fuilleach na scoileanna lán-Ghaeilge le chéile an tráth seo, bhí Tomás Mac Gabhann, a bhí ag obair le Comhdháil

118 *Comhar*, Bealtaine 1972, 6–11.

119 Rialacha Molta, gan dáta.

120 Freagraí ceistneora Máire Ní Fhlathartaigh.

121 Brian Ó Baoill chuig Bainisteoir na Cathrach 1970.

122 Brian Ó Baoill chuig George Colley 1970.

Náisiúnta na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Scríobh Mac Gabhann i litir phríobháideach chuig Mac Góráin in 1970 go gcuirfeadh sé ‘gach rud is féidir liom... isteach in iarracht eile.’¹²³ I nGaillimh, an bhliain chéanna, tháinig múinteoirí le chéile ag seimineár oideachais lán-Ghaeilge i mí na Samhna agus Niall Ó Murchadha, múinteoir i gColáiste Iognáid i gCathair na Gaillimhe, go mór chun cinn. Toghadh Coiste Sealadach ag an seimineár sin, ach níor éirigh leo mórán a bhaint amach go ceann bliana.¹²⁴

Ba thréimshe é seo, dar le Colm Ó Torna, ina raibh feachtais éagsúla ag rith comhthreomhar le chéile: ‘bhí Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ag teacht chun cinn, Peadar Mac an Iomaire agus iad siúd uilig. Cheap mé... go raibh rud éigin ag tarlú ó thaobh na Gaeilge de gan dabht ar bith.’¹²⁵ Fad is a bhí lucht na scoileanna lán-Ghaeilge ag tosú a fheidhmiú ag an leibhéal áitiúil agus ag leibhéal an stáit sna cathracha, i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh go príomha, bhí rudaí ag corraí sa Ghaeltacht, áit a raibh cúrsaí sóisialta agus oideachais fite fuaite le chéile. I nDún Chaoin bhí feachtas ar bun i rith 1970 chun an bunscoil Gaeltachta ann a choimeád ar oscailt i gcoinne thoil an rialtais agus a pholasáí conasctha.¹²⁶ Nuair a chuala an pobal an scéal go raibh Scoil Dhún Chaoin le dúnadh bhí alltacht orthu. Mar a mhíníonn Breandán Feiritéar, duine a bhí lárnach san fheachtas chun an scoil a choimeád ar oscailt, bhí cúis ar leith gur ghoill an cinneadh sin ar an bpobal chomh mór sin. Ba í an scoil ‘an t-aon institiúid len iad féin a chosaint taobh amuigh d’imirce.’¹²⁷ Agus ba pharóiste é Dún Chaoin a raibh an pobal ann cleachta go maith leis an imirce:

Thuig an pobal imirce. Thuigeadar cén chúis go gcaitheadh daoine imeacht. An uair sin is dócha go raibh b’fhéidir dhá nó trí chéad duine ina gcónaí sa cheantar beag bideach seo. Agus bhí trí chéad duine iomarcach don méid soláthar eacnamúil go bhféadfadh an ceantar seo a chur ar fáil... Ghlac an pobal go gcaitheadh imirce bheith ann. Chonaicedar imirce le céad go leith bliain roimh sin. Bhí míle seacht céad duine sa phobal roimh aimsir an Ghorta agus d’imíodar mar ní fhéadfadh an pobal iad a chothú. Ach de réir a chéile tháinig an pobal ar an tuiscint go raibh dhá shlí chun

123 Mac Gabhann chuig Mac Góráin 1970.

124 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 17.

125 Agallamh.

126 Ó Snodaigh, *Dún Chaoin*, *passim*.

127 Agallamh.

imeacht amach as an bpobal. Slí amháin ná dul díreach ar imirce tar éis na bunscoile agus dul (isteach sna muilte i) Springfield Massachusetts nó Holyoke nó dul go Londain agus obair ar na bóithre. Ach ansan de réir a chéile thuigeadar go raibh slí eile dul ar imirce—’sé sin oideachas níos fearr a chur ort féin. “Dul ag oideachais,” mar a deiridís. Déanamh go maith ar bhunscoil, b’fhéidir go mbeadh cúpla bliain chruaidh ort ar rothair ag dul thar chnoic isteach chun Daingin... Ach dá n-éireodh leat, bheadh an saol i bhfad níos fearr agat. D’fhéadfá, ar a laghad, maireachtaint i do thír féin, plé le do rudaí féin, do theanga féin a choimeád cuid mhaith.¹²⁸

I dTír Chonaill, áit a raibh na fadhbanna sóisialta céanna a bhí i gCorca Dhuibhne, bhí ceist na hiarbhunscolaíochta go mór i mbéal an phobail. Bhí an Roinn Oideachais meáite ar choláistí cuimsitheacha agus pobail a thógáil sna bailte amháin agus daltaí na Gaeltachta a bhrú isteach iontu. D’éirigh feachtais aníos i nGaoth Dobhair, An Coimín agus Baile na Finne chun pobalscoileanna Gaeltachta a bhunú sna ceantair sin.¹²⁹

Blianta fada ina dhiaidh na bhfeachtas Gaeltachta seo, in 1984, mheas tuairisceoir amháin sa *Kilkenny People* gur spreag na feachtais, i dteannta nithe eile, lucht scoileanna lán-Gaeilge na cathrach chun gnímh.¹³⁰ Go deimhin, bhí Tomás Mac Gabhann airdeallach go maith ar fheachtais Thír Chonaill.¹³¹ Lena chois sin, bhí naisc idir Gaeilgeoirí de shliocht na cathrach agus muintir na tuaithe amhail Dún Chaoin. Thacaigh mic léinn Choláiste na Tríonóide agus ábhar oidí i gColáiste Phádraig leis an bhfeachtas ar son na scoile i bhFómhar na bliana 1970 trí agóidí agus mórshiúlta bríomhara a eagrú lasmuigh d’oifig na Roinne i mBaile Átha Cliath.¹³² Ag tús mhí na Nollag tháinig beirt oidí, Máire Bean Uí Fheiritéir agus Mícheál Ó Dubhshláine, aneas as Dún Chaoin le dream páistí chun cuairt a thabhairt ar Bhaile Átha Cliath. Thug siad cuairt timpeall na cathrach agus bronnadh leabhair ar na páistí in Áras Chonradh na Gaeilge an oíche sin sular fhill siad ar maidin.¹³³ Thacaigh daoine acadúla, litríochta agus filíochta amhail Breandán Ó Buachalla,

128 Agallamh.

129 Scríbhinn le Tomás Mac Gabhann, gan dáta.

130 *Kilkenny People*, an 20 Eanáir 1984.

131 Scríbhinn le Tomás Mac Gabhann, gan dáta.

132 *Inniu*, an 2 Deireadh Fómhair 1970; *Inniu*, 6 Samhain 1970.

133 *Inniu*, an 11 Nollaig 1970.

Seán Ó Tuama agus Máire Mhac an tSaoi leis an bhfeachtas chomh maith. Deir Feiritéar go raibh ‘an áit mar thobar ag go leor scoláirí.’ Dá réir sin, le linn an fheachtais, ‘déanadh criostalú as an úsáid a bhí bainte ag daoine as an dtobar seo.’¹³⁴ Ar an taobh eile den scéal, creideann Máire Ní Scannláin, a bhí ina pháiste i nDún Chaoin ag an am, go raibh bearna thuisceana ann idir lucht cathrach na hathbheochana agus pobal Dhún Chaoin. Nuair a bhí an feachtas idir dhá cheann na meá in 1971, sheol athair Ní Scannláin a dheirfiúr, Eibhlín, go Scoil an Fheirtéaraigh, rud a laghdaigh uimhreacha Scoil Dhún Chaoin. Thug an pobal cúl droma don teaghlach, péinteáladh ‘traitor’ ar bhallaí an tí acu agus dúradh gur ghlac siad an ‘soup.’ Leagann Ní Scannláin béim ar chearta an duine aonair, i gcás a athair siúd, rogha a dhéanamh ar mhaithe le hoideachas an pháiste.¹³⁵

Ainneoin na bhfeachtas a bhí ag borradh le linn an ama, agus na deacrachtaí a bhí ag teacht chun cinn, ba gheall go raibh gníomhaithe na scoileanna lán-Ghaeilge ag cuimilt mhéire do chloch agus iad ag iarraidh dul i bhfeidhm ar an Roinn Oideachais. I leathanaigh *Pobal* in 1971, chuir Mícheál Ó Bréartúin i leith chigirí na Roinne go rabhthas ag dul i dteagmháil le scoileanna lán-Ghaeilge, amháil Scoil Éanna agus Scoil Bhríde i mBaile Átha Cliath, chun a impí orthu ábhar agus ranganna ar leith a iompú ar an mBéarla.¹³⁶ Ach má bhí cigirí áirithe ina bhun sin, ba í easpa pleanála na Roinne i leith na scoileanna lán-Ghaeilge, agus an fhreagracht a leagadh ar thuismitheoirí éileamh a léiriú, a ghoill ar leithéidí Éilís Bean Uí Riain agus Francis P. O’Toole nuair a d’ionsaigh siad na húdaráis i leathanaigh an *Irish Press* agus *Evening Herald* in Earrach na bliana 1971.¹³⁷ Nuair a chuir lucht na Gaeilge líomhaintí den sórt céanna i leith Rúnaí na Roinne Airgeadais, C.H. Ó Muireadhaigh, is é sin go raibh an teanga á himeallú sa státchóras, scríobh sé chuig comhghleacaí aige go príobháideach gur ‘samhlaíocht’ a bhí ann.¹³⁸

134 Agallamh.

135 Nótaí ó chomhrá le Máire Ní Scannláin.

136 *Pobal*, 1971.

137 *Irish Press*, 27 Feabhra 1971; *Evening Herald*, 8 Márta 1971 agus 19 Márta 1971; Chuir lucht Bhaile Munna na líomhaintí céanna i leith na Roinne in 1970 chomh maith, *Irish Independent*, 28 Eanáir 1970

138 C.H. Ó Muireadhaigh, 1971.

Ní fada ón meon dímheasúil a léirigh Ó Muireadhaigh i leith na Gaeilge an meon urramach a bhí le sonrú i gcomhfhreagras idir stát-seirbhísigh áirithe sa Roinn Oideachais agus leithéidí John Charles McQuaid thart faoin mbliain 1970. Nuair a scríobh státseirbhíseach amháin, Tomás Ó Floinn, chuig an Ard-Easpag McQuaid ag plé ionad do bhuachaillí i bhFionnghlas, d'úsáid sé an téarma '*Your Grace*' cúig uaire in achar litreach aon leathanaigh.¹³⁹ Ba dhlúthchuid é an gnéasachas den smaointeoireacht chéanna, dár ndóigh.¹⁴⁰ Ba léir an méid sin nuair a scríobh C. Ó Dálaigh ón Roinn Oideachais go Monsignor Fitzpatrick sa bhliain 1971 faoi Scoil Neasáin ag moladh go gceapfaí príomhoide fir in áit Áine Bean Uí Chomhraí chomh luath agus a d'fhéadfaí.¹⁴¹ Go luath ina dhiaidh sin, ceapadh Mícheál Ó Fathaigh mar phríomhoide na scoile.¹⁴² Tharla an leithcheal sin in ainneoin gurbh iad mná 54% de choiste bunaithe na scoile.¹⁴³ Mar sin féin, tríd is tríd sna scoileanna lán-Ghaeilge, mar a léirigh Ó Riagáin agus Ó Glisáin, cé is moite de mhionlach na bhfear (thart ar 10%) a raibh dlúthbhaint acu leis an scoil, ba iad na máithreacha a mhol go bhfreastalódh an páiste ar scoil 'lán-Ghaelach' agus is acu san a bhí an príomhról sa chaidreamh idir an teaghlach agus an scoil.¹⁴⁴ Ba léir, mar sin, go raibh lúb ar lár.

Chomh maith leis na gconstaicí idé-eolaíochta seo, bhí dúshlán phraiticiúla ina ndúshlán d'fhorbairt na gluaiseachta chomh maith. Tharraing lucht na scoileanna lán-Ghaeilge ganntanas na dtéacsleabhar Gaeilge aníos sna meáin go mion minic le linn na mblianta 1969–76.¹⁴⁵ Bhí sé ag dul deacair ar Scoil Neasáin suíomh buan a aimsiú chomh maith. Chaith an scoil tréimshe i seanfhoirgneamh scoile de chuid Eaglais na hÉireann agus i gClubtheach Naomh Uinseann ('an phub-

139 Tomás Ó Floinn, 1970.

140 Eva Urban, 'The Condition of Female Laundry Workers in Ireland 1992-1996: a Case of Labour Camps of Trial', *Études d'histoire et de civilisation* 37 uimh 2 (2012), 49-64.

141 C. Ó Dálaigh, 1971.

142 S. Mac Gearailt, 1971.

143 Liosta ainmneacha de Choiste na Bunscoile, gan dáta; Doiciméad maidir leis an Acht Comhlachta, 1963, gan dáta.

144 Ó Riagáin agus Ó Glisáin, *All-Irish Primary Schools in the Dublin Area*, 108.

145 *Inniu*, an 13 Márta 1970 agus an 12 Meitheamh 1970; *Comhar*, Bealtaine 1972, 26; *Carn*, Samhradh 1976, 13.

scoil' mar a glaoth air) go dtí go ndeachaigh an feachtas i bhfeidhm ar George Colley, a bhí ina Aire Airgeadais agus Gaeltachta, agus gheall sé láthair bhuan in 1971.¹⁴⁶ B'fhadhb eile é an córas iompair. Roimh bhunú leithéidí Scoil an tSeachtar Laoch agus Scoil Neasáin, bhíodh tuismitheoirí sna bruachbhailte, idir shean agus nua, ag seoladh a bpáistí chuig na scoileanna i lár na cathrach. Ba bhealach é chun teacht timpeall ar na fadhbanna a bhain le taisteal ar bhusanna, scoileanna a bhunú gar don bhaile. Toradh amháin a bhain le fás na scoileanna sna bruachbhailte, áfach, ná gur tháinig laghdú ar líon na ndaltaí sna scoileanna cathracha.¹⁴⁷ Chuir an t-athlonnú seo i dtreo na mbruachbhailte buairt ar roinnt tuismitheoirí. Nuair a chuala Eoin de Paor ráfla a bhí ag dul thart in 1970 go raibh Coláiste Mhuire agus Scoil Chaitríona le himeacht go Séipéal Iosóilde agus Glas Naíon faoi seach, d'fhiafraigh sé conas a d'éireodh leis 'na páistí a sheoladh chun na n-áiteanna iar-gúlada seo.'¹⁴⁸

146 Scully chuig Cullinane 1971; Ó Móráin chuig Colley 1972; Suíomh idirlín Scoil Neasáin.

147 Ó Riagáin agus Ó Glasáin, *All-Irish Primary Schools in the Dublin Area*, 28-32.

148 *Pobal*, Bealtaine 1970, 14.

CAIBIDIL 5:

**BLIAIN NA HAGÓIDE, BAILE MUNNA, DÚN
CHAOIN, 1971—‘B’FHADA Ó CHUALATHAS
AN OIREAD GAELIGE Á STEALLADH RIAMH I
SRÁIDEANNA NA HARD-CHATHRACH’**

B’FHOLLASAÍ NÁ RIAMH faoin mbliain 1971 nach ngéillfeadh an státchóras do héilimh lucht na Gaelscolaíochta gan troid ní b’fhíochmhaire a chur sa tsúil. Déanfar cíoradh sa chaibidil seo ar conas a reáchtáladh an troid sin i gceantair éagsúla. Cé go bhfuil plé déanta cheana ar idé-eolaíocht na ngníomhairí ar bhealach ginearálta, scrúdófar an idé-eolaíocht sin ar bhealach níos doimhne agus, ag éirí as sin, tabharfar léargas ar conas a d’oibrigh idé-eolaíocht na ngníomhairí ar bhonn praiticiúil chun dúshlán idé-eolaíocht mhídhonathach agus aicmeach stát is cléir a thabhairt.

Is féidir a rá gur tháinig borradh faoin ngluaiseacht ar fud na hÉireann in 1971. Ag leibhéal na hiarbhunscoile, bhí na Teaghlaigh Ghaelacha i nDeisceart Bhaile Átha Cliath ag éileamh go mbunófaí scoil chuimsitheach do chailíní ar an múnla céanna a bunaíodh Coláiste Eoin in 1969. Reáchtáladh cruinniú in Eanáir na bliana 1971 mar gur dhiúltaigh an Roinn an scoil a bhunú de bharr, ina dtuairim, nach mbeadh sí ‘cuimsitheach’ óir bheadh sí ag freastail ar mhionlach. Rud amháin a spreag an cruinniú ná an fógra go mbunófaí trí scoil chuimsitheacha Phrotastúnacha, a d’fhreastalódh ar mhionlach. Ní raibh rian ar bith den seicteachas le blaiseadh agus d’fháiltigh na Teaghlaigh Ghaelacha leis an bhfógra faoi na scoileanna Protastúnacha. Mar sin féin, theastaigh soiléiriú uathu ón Aire Oideachais, Pádraig Faulkner, faoin bhfáth nach bhféadfaí cinn lán-Ghaeilge a oscailt chomh maith.¹⁴⁹ D’éirigh leis na Teaghlaigh Ghaelacha cruinniú a fháil le Faulkner agus chur an tAire in iúl dóibh go raibh sé fabhrach don scoil. Ach d’imigh na seachtainí gan tuilleadh scéala ón Roinn. B’éigean do Bhláthnaid Uí Bhrádaigh, Rúnaí na heagraíochta, litreacha oscailte a scríobh chuig an *Irish Press* agus chuig an *Evening Herald* i mí Feabhra agus mí Márta ag cáineadh na Roinne as droim láimhe a thabhairt don ghrúpa bunaithe ag an bpointe cinniúnach.¹⁵⁰ An mhí dár gcionn, tháinig feachtas ar

149 *Inniu*, an 22 Eanáir 1971.

150 *Irish Press*, an 27 Feabhra 1971; *Evening Herald*, an 8 Márta 1971.

son foirgneamh nua do Scoil Chaitríona amach ar na sráideanna. Bhí foirgneamh nua i nGlas Naíon de dhíth ón scoil ó mhéadaigh an tin-reamh 40% ó 1964 i leith agus £50,000 mar sprioc mhaoinithe chuige sin.¹⁵¹ Mar chuid de na hiarrachtaí maoinithe in Aibreán na bliana 1971, shúil mórshiúil de 300 duine—idir dhaltaí, thuismitheoirí agus siúracha na scoile—óna seanscoil ar Shráid Eccles fad deich míle agus ar ais go Cluain Tarbh.¹⁵²

An mhí chéanna, mí Aibreán 1971, bhí fuadar faoi mhuintir Dhún Chaoín. D'fhág scata an paróiste agus Baile Átha Cliath mar cheann scríbe acu. An aidhm a bhí acu ná 'agóid a dhéanamh i gcoinne fhaillí an Rialtais i saol na Gaeltachta, idir gheilleagar, oideachas is chúrsaí sóisialta agus le pleananna forbartha sna nithe seo a éileamh.'¹⁵³ Cuireadh fearadh na fáilte rompu sna bailte ar an mbealach. Nuair a shroich siad an ardchathair ar an 15 Aibreán, ag fanacht leo ar Shráid Seán Heuston, bhí dream as Ráth Chairn agus dream de Ghaeil Bhaile Átha Cliath. Lean an mórshiúil ar aghaidh thart le hArdoifig an Phoist ar Shráid Uí Chonaill, áit ar shuigh roinnt bheag de na máirseálaithe thíos ar an tsráid mar agóid. D'ordaigh Ceannfort na nGardaí i Stáisiún Shráid an Stórais, Matthew Kennedy, go mbogfaí iad, rud a spreag *Inniu* le tuairisciú faoi 'Ghairbhe na nGardaí'.¹⁵⁴ Is cuimhin le Feiritéar gur 'ionsaigh na Gardaí sinn taobh amuigh den GPO. Bhí an "heavy gang" sna Gardaí an uair sin agus níor thaitnigh léirsitheoirí nó "ban the bomb types" leo.'¹⁵⁵ Tionóladh an agóid i ndiaidh na n-eachtraí úd ag a 8 i.n., agus labhair cainteoirí as Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, as Dún Chaoín, Corcaigh agus Baile Átha Cliath. 'B'fhada ó chualathas an oiread Gaeilge á stealladh riamh i sráideanna na hard-chathrach,' a scríobh tuairisceoir *Inniu*. An tseachtain chéanna, rinne Gluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta forghabháil ar Roinn na Gaeltachta i mBaile Átha Cliath, agus in Ó Méith i gContae an Lú, chuir Misneach isteach ar Fhéile Oirialla trí chlampar a thosnú nuair a bhí an tAire Oideachais ar tí an fhéile a chur i láthair.¹⁵⁶

151 *Inniu*, an 22 Eanáir 1971.

152 *Inniu*, an 16 Aibreán 1971.

153 *Inniu*, an 23 Aibreán 1971.

154 *Ibid.*

155 Agallamh.

156 *Inniu*, an 23 Aibreán 1971.

I dtrátha an ama chéanna, tháinig borradh faoin éileamh ar scoil lán-Ghaeilge i mBaile Munna. Bhí Colm Ó Torna agus a bhean Eibhlín ag freastal ar Chuallacht Mhuire Gan Smál, eagraíocht Chaitliceach a bhí ag feidhmiú ar bhonn lán-Ghaeilge agus ranganna sa teanga á mhúineadh ann ar Shráid Ghairdinéir:

‘...tháinig an bheirt seo isteach oíche amháin, Fran agus Brendan, agus as sin amach tosaigh an pháirtíocht a bhí agam i scéal Bhaile Munna’

‘Chuireadar isteach ar ár rang, bhíodar chomh lán den rud...!’

Ó Luain: ‘phléasc siad tríd an ndoras?’

Ó Torna: ‘just tháingadar isteach, de phreab’

Ó Luain: ‘Cén cineál daoine a bhí iontu?’

Ó Torna: ‘Bhuel is beirt tuismitheoir a bhí iontu. Beirt ina gcónaí i mBaile Munna, gan dabht. Bhí an beirt acu oilte go maith. Bhíodar cumasach. Agus bhí Brendan ar fheabhas ag argóint. Chuir sé suas go dtí Conor Cruise-O’Brien é is cuimhin liom. He says “*sure we don’t really need you lot, you’ve no time for Irish. Why shouldn’t we just have it a better way off and have it all coming from London?*” Bhain sé an-stangadh as Cruise-O’Brien mar ní raibh sé (i dtaithí) ar saghas ionsaithe mar sin. Agus Fran, bhuel bhí Fran go hiontach—tuisceanach cúramach. Lean sé gach rud do dheineamar ag cruinnithe... choinnigh sé smacht orainn ar bhealach ag meabhrú dúinn cad a bheartaíomar agus cad ba chóir dúinn a dhéanamh.’¹⁵⁷

An chéad uair a chuala Éilís Uí Langáin, bean tí a bhí ag cur fúithi i mBaile Munna, faoi chaint ar scoil lán-Ghaeilge don cheantar ná nuair a bhog sí isteach ann thart faoi 1968. Chonaic sí clár teilifíse agus bhí fear ón Ballymun Tenants Association ag caint faoi chruinniú a ghairm chun scoil lán-Ghaeilge a bhunú ar an mbaile.¹⁵⁸ Seans maith gurb é Tommy Gibson a bhí i gceist aici. Bhí sé féin agus Peggy Walsh go mór chun tosaigh ag troid ar son chearta sóisialta mhuintir Bhaile Munna. Bhí an bheirt sin, i dteannta daoine eile ar nós Peadar Kelly, ar na heagarthóirí ar an *Ballymun News*—nuachtlitir phobail agus chlách a labhair amach ar son stailc chíosa agus a thug ómós do Joe McCann, ball den eite Oifigiúil d’Arm na Poblachta, tar éis a bháis go luath sna 1970í. Nuachtlitir é seo a dhírigh ar cheisteanna phobail, cultúrtha agus ar an tráchttaireacht sóisialta go príomha.¹⁵⁹ Mar a mhíníonn Ó Torna:

157 Agallamh le Colm Ó Torna.

158 Agallamh.

159 *The Ballymun News*, Aibreán 1973; Buíochas le Maolsheachlann Ó Ceallaigh,

Ó Torna: ‘An dream polaiticiúil, lucht na heite clé i mBaile Munna, bhíodar sin báúil don Ghaeilge i gcónaí, Peggy Walsh agus iad siúd go léir. Iad siúd a sheol Brendan agus Fran amach ag fiosrú faoi (scoil lán-Ghaeilge).’

Ó Luain: ‘Cén dream lenar bhain siad?’

Ó Torna: ‘Is dócha go bhféadfá rá “*they were sort of left-wing agitators*,” Tommy Gib(son)... Bhíodar i bhfách go mór leis an nGaeilge. Bhí suim acu sa saol i mBaile Munna ó thaobh na heite clé de, chun feabhas a chur ar rudaí. Glacadh le bunú na Gaelscoile mar chuid den ghá sin.¹⁶⁰

Agus is amhlaidh go raibh gá le feabhas a chur ar rudaí agus le seirbhísí a éileamh, mar is cuimhín le hUí Langáin: ‘Bhí sé uafásach. Bhí *single-decker* bus ann. Bhí sé go dona ar fad. An méid daoine a bhí ina gcónaí ann. Ní raibh siopaí ná aon rud. Bhí sé deacair i dtosach, bhí.¹⁶¹ Cé gur ghin lucht na heite clé an smaoineamh, agus gur thacaigh siad leis an scoil agus leis an bhfeachtas a bhain an scoil, ba ghrúpa beag Gael den lucht oibre sa cheantar a thiomáin an feachtas i ndáiríre. Bhí tacaíocht ón taobh amuigh acu ó leithéidí Uí Thorna a raibh cónaí air in Ard Adhain agus a bhí cleachta go maith le cúrsaí poiblíochta.¹⁶² I dteannta Choiste na dTuismitheoirí ag an bhfíorthús, bhí Brendan Pringle (Cathaoirleach), Éilís Uí Langáin, Helen agus Antóin Mac Giolla Rua, Cáit Mhic Chárthaigh, agus Proinnsias Ó Tuathail.¹⁶³

Ba í ceist sin na haicme, agus an t-aicmeachas a ghabhann léi, a bhí go mór i dtreis i rith an fheachtais. Ón uair a dhún an chlérí áitiúil an sruth lán-Ghaeilge a bhí lonnaithe i gclós Scoil an Mhaighdean Mhuire in 1971, ba léir go raibh easpa measa á léiriú ar ghnáthdhaoine an cheantair. Dúradh le tuismitheoirí agus a gcuid páistí, cosúil le hÉilís Uí Langáin, dul chomh fada le Scoil Moibhí i nGlas Naíon:

Bhí fhios againn nach mbeadh an scoil sin oiriúnach do pháistí Bhaile Munna. Bhí difear an-mhór idir muintir Ghlas Naíon agus muintir Bhaile Munna agus do thuigear sin, *so* ní rabhamar sásta. Chuir mé féin agus beirt eile nó tríúr eile ár bpáistí isteach go Sráid Mhaoilbhríde. Bhí orainn dul isteach ar an *single-decker* gach uile mhaidin agus iad a bhailiú arís. An rud a ndearnamar ná do chuir muid na páistí isteach sa scoil ar maidin agus do chuamar isteach agus do shuíomar isteach san oifig ag iarraidh orthu “cathain a mbeidh ár

mac le Peadar Kelly, príomheagarthóir na hirise, as soiléiriú faoin iris.

160 Agallamh le Colm Ó Torna.

161 Agallamh.

162 Agallamh le Colm Ó Torna.

163 Agallamh le Éilís Uí Langáin.

scoil ag oscailt?” Agus shuíomar isteach ansin gach lá go dtí leath i ndiaidh a haon—do lean sin le haghaidh bliana.¹⁶⁴

Eagraíodh scoileanna scairte agóide chomh maith. Is cuimhin le hUí Langáin go raibh baint lárnach ag athair Kay Mac Cárthaigh, duine de na máithreacha, le hagogid amháin go háirithe: ‘An rud a rinneamar ná chuamar isteach chuig an Roinn, chuireamar cathaoirreacha timpeall, shuigh na mná timpeall, agus shuigh an seanleaid seo agus thosnaigh sé ag múineadh Gaeilge dóibh. Díreach faoin bhfuinneog ina raibh Pádraig Faulkner!’¹⁶⁵

Nocht státsheirbhísigh a n-aicmeachas go lom le linn agóidí cosúil leo sin. Ar ócáid amháin, d’fhiosraigh státseirbhíseach ar an lucht agóide ‘*what are your children’s names?*’ agus mar a deir Ó Torna, níorbh ainmneacha Gaelacha iad, ba chinn níos nua-aimseartha iad: ‘agus an *idea* a bhí i gceist ansin ná “*you’ve nothing to do with Irish.*” Bhí sé scan-nalach.’¹⁶⁶ Níor mheon é seo a bhain leis na státsheirbhísigh amháin, dar le hÓ Torna: ‘Ní fhéadfadh éinne a thuiscint, agus tá seo imithe ar fad anois is dóigh liom, cén fáth go mbeadh baint ag an lucht oibre, an dream ba mhó a bhí i bhfách le tithíocht agus postanna a fháil, cén fáth go mbeadh suim acu seo i nGaeilge?’¹⁶⁷ Ghoill an meon seo go mór ar Uí Langáin:

Bhí Seachtar Laoch ar an gcéad scoil i gceantar lucht oibre. Sin an rud a chur isteach ormsa—nach raibh na cineál rights céanna againne... Ceapaim féin, i mBleá Cliath, do bhain an Ghaeilge leis an meán-aicme... Is cuimhin liom fear, bhíos ag déanamh *protest* lá amháin agus chuireas litir isteach sa Roinn Oideachais agus ghlac an fearr seo an litir, agus ní dhéanfaidh mé dearmad ariamh ar an rud a dúirt sé liom “*you can’t speak English in Ballymun, why ye looking for Irish?*”... Ghearr sin mo chroí... *as if we were second class citizens* thuas i mBaile Munna.¹⁶⁸

Ba róchuma le lucht an aicmeachais an fostaithe nó dífhostaithe a bhí lucht an fheachtais. Na daoine ba mhó, Francis P. O’Toole, Breandán Pringle, Antóin Mac Giolla Rua agus Eithne Ní Mhuireagáin, mar a áitíonn Ó Torna: ‘bhí jabanna acu, ní rabhadar dífhostaithe. N’fheadar

164 Agallamh le hÉilís Uí Langáin.

165 Agallamh.

166 Agallamh.

167 Agallamh.

168 Agallamh.

an raibh aon duine dífhostaithe bainteach leis an rud. Ach b'fhéidir go raibh buairíocht áirithe ina saol agus bhíodar ag lorg réimse níos leithne cultúrtha.¹⁶⁹ Os a choinne sin, chreid roinnt de na 'lefties' i mBaile Munna go raibh aicmeachas, nó 'snob value,' ann i measc roinnt de na scoileanna lán-Ghaeilge a bhí ar an bhfód cheana. D'impigh siad ar thuismitheoirí Baile Munna páirt a ghlacadh i riaradh Scoil an tSeachtar Laoch ionas nach mbeadh 'anything elitist... attached to it.'¹⁷⁰

I gcaitheamh samhradh na bliana 1971 d'éirigh aighneas idir Coiste na dTuismitheoirí i mBaile Munna agus an sagart paróiste ann, an tAthair D. Baicéir. Ba é cúis an aighnis ná gur fhógair Baicéir ag na haifrinn uilig Domhnach amháin i mí an Mheithimh go mbeadh sruth Gaeilge le bunú sna scoileanna Béarla a bhí ann cheana. Ní mó ná sásta a bhí cathaoirleach an choiste, Breandán Pringle, a mhínigh do *Inniu* go raibh scoil ina mbeadh 'timpeallacht Gaeilge... ina múinfeair an uile ábhar trí Ghaeilge' de dhíth ó na tuismitheoirí. Tháinig ceist an aicme isteach sa scéal arís nuair a mhínigh Pringle gur 'den lucht oibre muidne i mBaile Munna ach éilimid ár gcearta ar oideachas lán-Ghaelach a fháil dár bpáistí.'¹⁷¹ Ar an ábhar seo, is cuimhin le hUí Langáin go raibh sagart amháin, Ó Scannail, ina coinne:

Gaeilgeoir as Baile Mhuirne, an rud a dúirt seisean liom ná "Irish language education is only for the children of academics," right, I said, "an ea?" And he said "yes... people who can afford to educate their children. It's not for (the) working class." Sin a dúirt sé agus bhí seisean ina Ghaeilgeoir.¹⁷²

Lean an fheachtasaíocht ar son Dhún Chaoin ar aghaidh freisin agus bhí ar lucht an fheachtais úd dul in adharca leis an Eaglais chomh maith. Ní raibh an sagart paróiste i nDún Chaoin, an tAthair Mícheál Ó Cíosáin, ná Easpag Chiarraí, Eamonn Casey, sásta labhairt le lucht an fheachtais, rud a 'chuir an Spáinn agus Franco i gcuimhne' do Feiritéar. Ceist aicme ab ea é ar mhórán bealaí, óir 'níor theastaigh uathu saghas an "proletariat" a scaoileadh isteach... go mbeadh aon rud le rá acu faoi chúrsaí mar sin.'¹⁷³ Ainneoin freasúra na hEaglaise, lean feachtas Dhún Chaoin ar aghaidh. Díriodh ar bhailiú airgid agus ar chúrsaí

169 Agallamh.

170 *The Ballymun News*, Aibreán 1973.

171 *Inniu*, an 18 Meitheamh 1971.

172 Agallamh.

173 Agallamh.

cóiríochta i bhFómhar na bliana 1971. Eisíodh ceirnín le Claddagh Records agus cnuasach filíochta le Máire Mhac an tSaoi agus, ina theannta sin, cuireadhampa oibre ar bun chun caoi a chur ar fhoirgneamh na scoile.¹⁷⁴

Bhí oideachasóirí agus Gaeilgeoirí mór le rá, amhail Máirtín Ó Cadhain agus Breandán Ó Buachalla, tar éis a bheith ag comhoibriú leis an bhfeachtas ar mhaithe le Scoil Dhún Chaoin cheana thiar in 1970. Faoi 1971, bhí an feachtas thart ar Bhaile Munna ag dlúthú isteach ina fheachtas náisiúnta chomh maith. Ba léiriú é ar an bpróiséas seo nuair a d’eagraigh Coiste Tacaíochta Bhaile Munna cruinniú poiblí sa Crofton Airport Hotel ar an 13 Deireadh Fómhair. Ba mar fhreagra ar fhógra an tsagairt i leith an tsrutha a reáchtáladh an chruinniú. Ar na Gaeil aitheanta a bhí i láthair agus a thacaigh leis an bhfeachtas bhí:

Bláthnaid Bn. Uí Bhrádaigh, Rúnaí na dTeaghlai Ghaelacha; Maol-sheachlainn Ó Caollaí, Uachtarán, Conradh na Gaeilge; Seosamh Ó Drisceoil, Cathaoirleach, Coiste Scoil Lorcáin; Críostóir Ó Floinn, Údar agus Múinteoir; Aibhistín Ó Cribín, Óg-cagras Sheantrabh; Mícheál Ó Bréartúin, Leas-Chathaoirleach, Coiste Cairde Scoil Bhride; Flann Ó Riain, Scoil Lán-Ghaelach, Ráth Eanaigh; Pádraig Ó Snodaigh, Muintir Wolfe Tone; Aogán Ó Muircheartaigh, Coláiste Eoin; Breandán Pringle, Chairman, Ballymun Tenant’s Association; Proinsias Ó Tuathail, Hon. Sec., Ballymun Parents’ Committee.¹⁷⁵

Mar aon le gnáthmhuintir Bhaile Munna, bhí lucht na scoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath agus daoine ó eagraíochtaí Gaeilge agus poblachtacha i láthair. Labhair Pringle agus Ó Caollaí faoi éagóir na Roinne. Fíoraíodh dintiúirí neamhsheicteacha an fheachtais nuair a labhair an Canónach Coslett Ó Cuinn ag an gcruinniú. Chuir sé é féin i láthair mar ‘Protastúnach néam-leithscéalach ón tuaisceart.’ Cháin sé an rialtas ó dheas mar gheall ar thairiscint na sruthanna: ‘d’iarr siad iasc agus fuair siad nathair nimhe, an cleas céanna a imríodh i Rann na Feirste agus i nDún Chaoin.’ I ndiaidh caint an chanónaigh, rinne beirt teachtaí dála, Séamus Ó Tonnaigh, Fianna Fáil, agus Mark Clinton, Fine Gael, iarracht an gnáth-bhéalghrá a chur in iúl ach cuireadh isteach orthu agus b’éigin do Clinton éirí as ar fad. Glacadh d’aonghuth le rún a mheabhraigh don Roinn, faoina rialacha féin, nach gá dualgas

174 *Inniu*, an 3 Meán Fómhair, 1971.

175 *Inniu*, an 8 Deireadh Fómhair 1971.

na bainistíochta a leagadh ar an sagart paróiste de bharr gurb fhéidir duine nó coiste a cheapadh sa ról sin.¹⁷⁶

Sna sáile ar an gcruinniú i mBaile Munna, rinne an Coiste Sealadach a bunaíodh i nGaillimh pleananna cruinniú a chur ar bun chun eagraíocht a sheoladh ag tús 1972 a chaomhnódh agus a chosnódh an t-oideachas lán-Ghaeilge. Pléadh an fhéidearthacht chomh maith nascadh le Comhar na Múinteoirí—eagraíocht a saolaíodh i lár na 1960í de bharr na buartha a bhí ar mhúinteoirí faoi staid na Gaeilge sa chóras oideachais.¹⁷⁷ I mBaile Átha Cliath, thart faoin am céanna, thionóil Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge preas-chruinniú ag ar dúradh go raibh an ceart ag teaghlaigh a oideachas a fháil trí Ghaeilge. Is ar Bhaile Átha Cliath a bhí an t-éileamh dírithe—deisceart na cathrach ach go háirithe.¹⁷⁸ Ba léir go raibh tionchar Mhic Gabhann agus an aird a bhí á tabhairt aige ar chúrsaí scoileanna lán-Ghaeilge, mar aon le feachtais leithéidi Choiste na dTuismitheoirí i mBaile Munna agus na Teaghlaigh Ghaelacha, tar éis dul i bhfeidhm ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus an dioscúrsa ag leibhéal an stáit.

176 *Inniu*, an 22 Deireadh Fómhair 1971.

177 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 17.

178 *Inniu*, an 12 Samhain 1971.

CAIBIDIL 6:

**BUNSCOIL PHOBAL FEIRSTE, 1971—
‘CAITHFIDH DAOINE GREIM A FHÁIL AR RUD
ÉIGIN ATÁ DAINGEAN’**

BA BHLIAIN CHINNIÚNACH í 1971 i mBéal Feirste, agus cuirfear síos ar an méid a thit amach i dtaobh na Gaelscolaíochta de i dtrátha an ama sin sa chaibidil seo. Sna sála ar bhunú na Gaeltachta uirbí ar Bhóthar Seoighe cúpla bliain roimhe sin, agus ar an obair a rinneadh thart ar Chumann Chluain Árd a bhí lárnach i saol sóisialta pháistí Bhóthair Seoighe, d'éirigh le dream Gael Bunscoil Phobal Feirste a bhunú. Bhí stát na Sé Chontae naimhdeach ón tús agus chinneadh gur scoil mhídhleathach a bhí inti. Mar a áitíonn Mac Ionnrachtaigh: *‘this decolonising project was organised by working-class people against an unfavourable socio-economic backdrop in an area crippled by political discrimination and social injustice.’*¹⁷⁹ Bhí cogadh fíochmhar frithchoilíneach ag dul ar aghaidh thart ar an scoil nuair a bunaíodh í, rud a chuir le deacrachtaí earcaíochta foirne mar a insíonn Colma Nic Sheáin, iníon de bheirt de na bunaitheoirí Séamus agus Bríd Mhic Sheáin, a d'fhreastail ar an scoil agus a mhair ar Bhóthair Seoighe:

An chéad múinteoir a bhí ann, is bean darbh ainm Bean Uí Dhriscín a bhí uirthi, agus bhí sise ó Thír Chonaill, ón Ghaeltacht. Thosaigh siad an scoil i '71 agus bhí na Trioblóidí i ndiaidh toiseacht... agus mhothaigh sise, a lán den am bhí sí ag luí ar an urlár leis na páistí, bhí scaoileadh ag dul thart agus dúirt sí *“that’s it for me.”*¹⁸⁰

Mar a insíonn Máire Nic Sheáin, duine de chéad mhúinteoirí na scoile, bhí baint dhíreach ag an gcogadh leis an gcóiríocht don scoil: ‘Bhí muid i *portacabin* a úsáideadh le haghaidh na ndaoine a cuireadh amach as a gcuid tithe agus a tógadh go Bóthar Seoighe.’ Mar a deir fear chéile Bhríde, Seán Mac Sheáin, faoin gcomhthéacs sin: ‘in amannaí, caithfidh daoine greim a fháil ar rud éigin atá daingean agus sin an rud a bhí againne.’ Ba iad na príomhaidhmeanna s’acu, i bhfocail Mháire, ná chun ‘an Ghaeilge a aistriú ó ghlúin go glúin... *but* san am céanna, ba mhian linn go raibh oideachas iomlán ceart ag na páistí.’ Chuige seo, chuir comhghuaillíocht idir Gaeil den lucht oibre agus duine nó beirt den mheán-aicme leis an togra, dár le Bríd:

¹⁷⁹ Mac Ionnrachtaigh, *Language, Resistance and Revival*, 89.

¹⁸⁰ Agallamh.

Bhí an t-ádh linn anseo ar ndóigh, go raibh daoine le scileanna áirithe ina gcónaí anseo—Seán s’agamsa, bhí seisean ina siúinéir, bhí fear eile ina shiúinéir. Bhí cleachtadh ag Seán ar thógáil. Thóg muid, ar ndóigh, roimhe sin na tithe linn féin le tacaíocht ó ailtire agus dlíodóir a bhí ina nGaeilgeoirí fosta.¹⁸¹

Ach ceal acmhainní stáit, bhí fadhbanna cóiríochta ann de shíor. ‘Bhí sé i gcónaí fuar,’ mar is cuimhin le Colma Nic Sheáin, ‘bhí sé iontach fuar sa gheimhridh, bhí an t-uisce ag teacht isteach... ní raibh doirsí cearta ann. Ach ní raibh muid ag rá “tá seo millteanach, tá scoil ghalánta ag na Béarlóirí suas an bhóthair.” Níor smaoinigh tú mar sin, níor mhothaigh tú sin.’¹⁸² Reáchtáladh na ranganna ar fad in aon seomra amháin, agus mná ar fad a bhí mar mhúinteoirí—Brid Nic Sheáin, Máire Nic Sheáin agus Áine Nic Aindrea. I mbarúil Cholma Nic Sheáin, d’éirigh go han-mhaith leis an múineadh mar gheall gur tháinig na múinteoirí, na mná, ó cheantar a bhí faoi mhíbhuntáiste agus iad tar éis céimeanna a bhaint dóibh féin. ‘Ba mhian leo é sin a thabhairt ar aghaidh chugainne. Bhí siad tiomanta ó thaobh oideachas maith de. Níl fhios agam an raibh na fir chomh tiomanta céanna... Bhí fíis níos mó acu. “Tá muidne chun an domhan a athrú.”’¹⁸³ Istigh sa seomra ranga, cé go bhféadfáidís smacht a choinneáil nuair ba ghá, d’áitigh Máire Nic Sheáin gur briseadh sean-mhúnlá údarásach na scoileanna Caitliceacha ó thuaidh, rud a cruthaigh atmaisféar cairdiúil sa scoil.

De thairbhe go raibh muid ag teagasc páistí a bhí aithne mhaith againn orthu, a bhí gaolta orainn go fírinneach. Bhí mise ag teagasc páistí Bríde, páistí Caitlín, páistí daoine eile... ní raibh siad cleachtaithe amharc orainne mar “Iníon Mhic Sheáin” *or whatever*. An rud a rinne siad, chuir siad ainm pearsanta orainn. Nuair a chonaic daoine sin, bhí iontas orthu. Shíl siad go mbeadh smacht laghdaithe. Ach d’fhás an scoil ar aghaidh go dtí 100, agus na páistí, chuir siad an céadainm ar na múinteoirí agus ní raibh fadhb ar bith againn.¹⁸⁴

Nuair a cuireadh an scoil ar bun ar dtús ní raibh tuiscint ann faoin nGaelscolaíocht ag go leor daoine i measc an phobail náisiúnaigh thart ar an scoil—ceapadh gur scoil chun an Ghaeilge amháin a mhúineadh a bhí ann, seachas scolaíocht trí mheán na Gaeilge a sholáthar, a bhí

181 Agallamh le Bríd Nic Sheáin.

182 Agallamh.

183 Agallamh.

184 Agallamh.

i gceist. Mar sin féin, ba léir ón tús go raibh abhantrach ollmhór de dheathoil sa phobal.¹⁸⁵ I dtéarmaí tacaíochta ó pholaiteoirí, luaigh Colma Nic Aoidh go raibh leithéidí Pat Rice, Sinn Féin, agus Fergus O'Hare agus Bernadette McAliskey, People's Democracy, tacúil nó báúil leis an togra, ach go raibh siad i ndáiríre, 'cineál ar an imeall'.¹⁸⁶ Bhí tacaíocht ó shagairt Chaitliceacha aonaracha amhail an tAthair Breandán Mac Maoileoin agus An Cairdinéal Ó Fiaich, ach bhí meas acu ar neamhspleáchas na scoile. Thairg an Eaglais tacaíocht institiúideach ag pointe amháin, ach níor glacadh leis. Cé gur dream cráifeach a bhí sna bunaitheoirí, bhí siad láidir go leor a rá "ní thig le dhá *ethos* a bheith ag an scoil seo... is Gaeloideachas atá ann." Tríd is tríd, arsa Colma Nic Sheáin, sna luathbhlianta ní raibh 'lorg millteanach den Eaglais Chaitliceach'.¹⁸⁷

185 Agallamh le Máire Nic Sheáin.

186 Agallamh le Colma Nic Sheáin.

187 Agallamh le Colma Nic Sheáin

CAIBIDIL 7:

**SCOIL IOGNÁID AGUS CATHAIR NA GAILLIMHE,
c.1971—‘NÍ RAIBH MÓRÁN MEASA AR AN
TEANGA SA CHATHAIR’**

IN IARTHAR NA TÍRE, an bhliain chéanna a raibh Bunscoil Phobal Feirste ag teacht ar an bhfód, 1971, bunaíodh Scoil Iognáid i gCathair na Gaillimhe. Nó, is ceart a rá i ndáiríre gur iompaíodh an scoil ina scoil lán-Ghaeilge. Sular tháinig an phríomhoide a rinne an beart sin, Niall Ó Murchadha, chuig an scoil, ba scoil Íosánach phríobháideach do bhuachaillí amháin í Scoil Iognáid a bhí ag feidhmiú leis na blianta agus iar-bhunscoil ceangailte léi, Coláiste Iognáid. Tógadh isteach an saoroideachais sa bhliain 1966, ach bhí ar thuismitheoirí íoc go fóill as an mbunscoil phríobháideach. Tugann Ó Murchadha léargas ar staid na scoile sna blianta sin:

I bhfad sular tháinig mé, bhí an scoil go léir, idir meán agus bunscoil, ag múineadh trí Ghaeilge, ach faoin am a tháinig mise, is trí Bhéarla amháin a bhí an bhunscoil a bhí príobháideach go dtí an lá ar thosnaigh mise. Tháinig mise ansin agus rinneadh mé i mo phríomhoide. D'athraigh siad ina scoil náisiúnta í. Chuir siad deireadh leis an scoil phríobháideach mar ní raibh ag éirí léi. Ón lá a thosnaigh mé, bhí gach rud trí Ghaeilge. Athrú iomlán a bhí ann ó scolaíocht lán-Bhéarla go scolaíocht lán-Ghaeilge.¹⁸⁸

Ba as a stuaim féin a d'iompaigh Ó Murchadha nósmaireacht teanga na scoile go Gaeilge, agus ní chuimhin leis aon bhaint a bheith aige le scoileanna lán-Ghaeilge eile sna luathbhlianta sin. Bhí tacaíocht na nÍosánach aige, ach d'fhan sé neamhspleách orthu. Cé gur scoil náisiúnta a bhí inti ina dhiaidh sin, bhí siad lonnaithe i dTeach na nÍosánach. Níor múineadh aon Bhéarla go dtí i ndiaidh na Nollag, tar éis do Ó Murchadha teacht: ‘tumoideachas go huile agus go hiomlán trí Ghaeilge a bhí ann.’¹⁸⁹

D'éirigh go maith leis an scoil ón tús agus níor bheag an t-éacht é sin i gCathair na Gaillimhe sna 1970í. Cé gur cuimhin le hÓ Murchadha go raibh ‘saol beo Gaelach’ sa chathair a bhí ar leac na Gaeltachta agus eagraíochtaí nó ócáidí amhail Feis an Iarthair, an Taibhdhearc, an

188 Agallamh.

189 Agallamh.

Cumann Scoil Drámaíochta agus Conradh na Gaeilge ag obair leo,¹⁹⁰ de réir chuntas Uí Bhroin bhí atmaisféar láidir frith-Ghaeilge le brath:

Jesus, bhí cathair na Gaillimhe ag cur thar maol le daoine a raibh dearcadh an LFM acu.¹⁹¹ Sílim gurbh é deireadh na 1960í uasphointe an LFM... Is léir domsa anois gurbh iad na 1970í íosphointe na Gaeilge in Éirinn. Bhí an teanga ligthe le sruth... Ní raibh mórán measa ar an teanga sa chathair. Ní labhrófaí an teanga taobh amuigh den scoil, agus dá labhrófaí í go róphoiblí taobh amuigh de cúpla focail ag cumann Fhianna Fáil nó cibé, gheobhfá íde bhéil ó dhuine éicint: “why are ye speaking that oul’ language? Will yee ever fuck off back to the Gaeltacht?”¹⁹²

Tugann Hugh Rowland míniú ar an atmaisféar sin. Ba fhreagra ‘í an choimhlint idir Conradh na Gaeilge agus an LFM ar na hathruithe a tháinig ar chúinsí sóisialta agus geilleagracha na hÉireann um an dtaca seo. Mar gheall ar na hathruithe sin, agus an t-allagar náisiúnta a músclaíodh faoina n-anáil, d’fhág sin spás cuí sa dioscúrsa poiblí inarbh fhéidir na féiniúlachtaí traidisiúnta sa saol a cheistiú.¹⁹³ Is cinnte gur chruthaigh na 1960í comhthéacs áirithe don smaointeoireacht fhrith-Ghaelach. Ach bheadh sé deacair a shéanadh gur fhág an coilíneachas a lorg ar an smaointeoireacht chéanna, mar a deir Wa Thiongo, nuair a thagraíonn sé d’fhoréigean síceolaíoch agus beag is fiú an choilínithe sa seomra ranga agus lasmuigh di a d’imir drochthionchar chomh mór sin ar chultúr agus ar theangacha mhuintir na hAfraice.¹⁹⁴

Ach má bhí naimhdeas san aer, ba léiriú é ar dhiongbháilteacht Uí Mhurchadha agus na dtuismitheoirí a chabhraigh leis, gur éirigh leis an scoil. Thuig Ó Murchadha gur rud nádúrtha ab ea é na tuismitheoirí ag cur spéis in oideachas a bpáistí. Cruthúnas ar an meon daonlathach sin ab ea an Cumann Tuismitheoirí a bhunaigh sé go luath i ndiaidh dó teacht. ‘Is dóigh liom, b’fhéidir an chéad cheann in Éirinn ag an am. Ní raibh na múinteoirí bunscoile ar son aon bhaint a bheith ag tuismi-

190 Agallamh.

191 An Language Freedom Movement: grúpa a bhí a bunaíodh sna 1960í a bhí in aghaidh na Gaeilge.

192 Agallamh.

193 Hugh Rowland, ‘Conradh na Gaeilge agus an Language Freedom Movement (LFM): Coimhlint idé-eolaíochta (1965–74),’ i *An Meon Folaíthe: idé-eolaíocht agus iompar lucht labhartha na Gaeilge in Éirinn agus in Albain* eag. Tadhg Ó hIfearnáin agus John Walsh (Cois Life, 2018), 185.

194 wa Thiongo, *Decolonising the Mind*, 9.

theoirí le cúrsaí scoile agus chuaigh mé glan in aghaidh an tsrutha sa mhéid sin.¹⁹⁵ Rinne Cumann na dTuismitheoirí a ngnó trí Bhéarla, ach nuair a tháinig bord bainistíochta ar an bhfód ina dhiaidh sin in 1975, rinne Ó Murchadha deimhin de go ndéanfaí gach rud trí Ghaeilge trí riail teanga a chur i bhfeidhm. Bhí rath ar an gcaidreamh leis na tuismitheoirí ar an mórgóir. Sampla amháin den rath sin ab ea an brábús de £65,000 a ghineadh as trí chrannchuir a reáchtáladh—uair amháin, is teach a bhí mar duais—chun airgead a tiomsú do halla agus do chlós scoile nuair nach raibh ‘an Roinn Oideachais sásta an t-airgead sin a thabhairt dúinn.’¹⁹⁶

195 Agallamh.

196 Agallamh.

CAIBIDIL 8: NA FEACHTAIS IDIR DHÁ CHEANN NA MEÁ, 1972

BLIAIN CHINNIÚNACH ab ea 1972 fad is a bhain sé leis an dá phríomhfheachtas ar son na Gaelscolaíochta—feachtas Dhún Chaoin agus feachtas Bhaile Munna. De réir dealraimh, ní raibh an tAire Oideachais Pádraig Faulkner, ná rialtas Fhianna Fáil, sásta an t-aitheantas a bhí ag teastáil a thabhairt agus bhí baol áirithe ann go rachadh fuinneamh an dá fheachtas i léig. Ní raibh cuma chomh duairc ar chúrsaí i nDún Dro-ma, Baile Átha Cliath, áit ar thosaigh dream tuismitheoirí ag teacht le chéile chun scoil lán-Ghaeilge, Scoil Naithí, a bhunú i ngan fhios do na meáin náisiúnta is cosúil. Cíorfear deacrachtaí Dhún Chaoin agus Bhaile Munna mar aon leis an dul chun cinn a rinne muintir Scoil Naithí sa chaibidil seo.

B'údar imní agus feirge do mhuintir Bhaile Munna í an tairiscint a rinneadh le linn 1971 ar shruth dá scoil. Ach, cruthúnas ab ea é go raibh feachtais áitiúla cosúil leis an gceann ar son Scoil an tSeachtar Laoch ag dul i bhfeidhm ag leibhéal an stáit an cruinniú a reáchtáil Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge sa Royal Dublin Hotel i lár mhí Eanáir 1972. Príomhthéama an chruinnithe ab ea ceist na sruthanna. Labhair léachtóirí amhail Séamus Ó Buachalla, Coláiste na Tríonóide, an tOllamh Gearóid Mac Eoin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an bhean rialta Eibhlín ó Scoil Chaitríona agus an Bráthair Ó Dúgáin, Coláiste Eoin, amach go láidir i gcoinne choincheap na sruthanna.¹⁹⁷ Roinnt míonna ina dhiaidh sin, i mí Aibreáin, d'eagraigh an Comhchoiste Sealadach a bunaíodh i nGaillimh ollchruinniú sa chathair úd, dár teideal Dara Comhthionól na Scoileanna Lán-Ghaelacha. D'fhreastail ionadaithe ó scoileanna éagsúla ag gach leibhéal den chóras oideachais ar an gcruinniú agus cláraíodh iad mar chuid d'eagraíocht nua: Comhdháil na Scoileanna Gaelacha.¹⁹⁸ Ag an gcruinniú céanna, thug an tOllamh Máirtín Ó Murchú léacht uaidh a chosain 'na prionsabail ar a bunaíodh an A-scolaíocht.' I bhfocail eile, chosain sé an tumoideachas agus an dátheangachas agus thug sé dúshlán MacNamara, ar tagraíodh dó sa chaibidil dheireanach. Ba 'dearg-sheafóid' é an 'teoiric' a dúirt go

197 *Irish Press*, an 12 Eanáir 1972; *Evening Echo*, an 12 Eanáir 1972.

198 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 17.

ndéanann an modh teagaisc sin dochair don pháiste, a dúirt sé.¹⁹⁹

I ndiaidh an chruinnithe, sheol rúnaí nuathofa an Choiste Shealadaigh, Niall Ó Murchadha, litir chuig na scoileanna uilig a bhí go fóill ag múineadh trí mheán na Gaeilge. Thug sé cuireadh dóibh a bheith mar chuid den Chomhdháil, agus mhínigh sé gur theastaigh ón eagraíocht nua ‘comhairle a chur ar an Roinn Oideachais faoi na fadhbanna agus na deacrachtaí ar leith a (bhaineann) le múinteoireacht agus foghlaim trí Ghaeilge.’ Rinneadh dul chun cinn sciobtha agus bhuail toscaireacht ón gCoiste Sealadach leis an Aire Oideachais Pádraig Faulkner ar an 6 Meitheamh 1972 agus pléadh ceist na n-acmhainní, téacsleabhar, liúntais, agus soláthar múinteoirí, mar aon le ‘polasaí na Roinne i leith na scoileanna beaga lán-Ghaelacha.’ Scríobhadh freisin chuig Ard-Easpag Chaisil, an Dr Tomás Ó Muiris, ag impí air polasaí dátheangach a chur ós comhar na n-easpag uilig san Insitiúid Cumarsáide. Lean fochoiste poiblíochta Comhdháil na Scoileanna Gaelacha ag obair leo i gcaitheamh na bliana 1972.²⁰⁰

Idir an dá linn, bhuail an dream oideachasóirí agus tuismitheoirí a bhí lonnaithe thart ar Bhaile Átha Cliath le chéile ar an 6 Bealtaine 1972. Ina measc siúd, bhí an Bráthair A.P. Caomhánach (Coláiste Mhuire) sa chathaoir agus baill comhairleach: Mícheál Ó Fathaigh (Scoil Neasáin, BÁC), Máirtín Feiritéar, Máire Nic Giolla Mhean-na agus Liam Ó Murchú. An aidhm a bhí acu, mar a mhíníonn Ní Fhearghusa, ná ‘chun íomhá níos fearr a thabhairt don oideachas trí Ghaeilge.’²⁰¹ Cothrom an ama chéanna, scríobh Ó Fathaigh, a bhí mar phríomhoide ar Scoil Neasáin, chuig *Comhar* agus leag sé béim ar an ngá a bhí ann le heagraíocht ar son na scoileanna lán-Ghaeilge. ‘Feic-tear dhom,’ a dúirt sé, ‘nach féidir na scoileanna lán-Ghaelacha... a oibriú i bhfólús. Caithfidimid teacht le chéile chun go mbeidh comhoibriú níos iomláine eadrainn ar mhaithe leis na mic léinn. Ní mór eagraíocht náisiúnta múinteoirí a bhunú chun fadhbanna a phlé agus polasaithe a cheapadh. “Ní neart go cur le chéile.”’²⁰²

Bhíodh an dlúthú i dtreo eagraíocht náisiúnta ag dul ar aghaidh go

199 *Inniu*, an 12 Bealtaine 1972.

200 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 18.

201 *Ibid.*

202 *Comhar*, Bealtaine 1972, 26.

príomha i gcaitheamh an tsamhraidh, rud a luíonn le ciall, óir bhíodh tuilleadh ama ag na hoideachasóirí. I mBaile Munna, bhuail na tuismitheoirí le chéile le linn an tsamhraidh chun tairiscint acra talún a phlé. Bhí dlíodóirí agus ailtirí réidh chun cabhair dheonach a thabhairt chun foirgneamh a thógáil. Ní raibh aitheantas faighte go fóill ón Roinn, ach mhínigh Pringle don *Indo* go rachadh an tionscadal ar aghaidh beag beann ar aitheantas na Roinne.²⁰³ Nuair a thosaigh an téarma arís i mí Mheán Fómhair tháinig an t-aighneas a bhí ann idir an Roinn agus na tuismitheoirí ag leibhéal an phobail agus na scoile chun solais arís sna nuachtáin— b’shin a tharla i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair na bliana 1972. I gcás na scoileanna lán-Ghaeilge ar Shráid Mhaoilbhríde (Scoil Cholmcille, Scoil Mhuire agus Scoil na Naíonán), bhí cúrsaí cóiríochta ina n-ábhar achrainn agus ghlaigh tuismitheoirí amháin, an t-aisteoir Breandán Ó Dúill, ‘*dump*’ ar an bhfoirgneamh nuair a labhair sé leis an *Irish Independent*. I mBaile Munna, bhí míshástacht leanúnach ar na tuismitheoirí de bharr nár comhlíonadh na ngealltanais i leith an fhoirgnimh scoile. Mar agóid, tharraing tuismitheoirí an dá scoil a bpáistí amach as na ranganna agus coimeádadh sa bhaile iad.²⁰⁴

Mar bharr ar an donas, bhí an Roinn fós ag diúltú aitheantas a thabhairt do Scoil Dhún Chaoin. I mí Mheán Fómhair, d’oscail an scoil, ar thuairiscigh an *Independent* gur ‘*the “rebel” school*’ a bhí á ghlaigh uirthi, a dhoirse ar bhonn neamhoifigiúil don tríú bliain as a chéile.²⁰⁵ Cuid den fáth a raibh an scoil in ann oscailt in aon chor ná go raibh Ciste Dhún Chaoin, ar a raibh Breandán Ó Buachalla agus Brenda Ní Shúilleabháin, tar éis £2,000 a bhailiú i gcaitheamh an tsamhraidh.²⁰⁶ I nGaeltacht Thír Chonaill, d’éirigh easaontas i measc roinnt múinteoirí faoi éiteas theanga na pobalscoile a bhí le bunú. Chuir leithéidí Fhiontáin Mhic Aodha Bhuí agus Sheáin Uí Ghallchóir ‘go tréan in éadan an moladh.’ Ba ghearr, a d’áitigh siad, go millfí ‘spiorad an pharóiste agus an saol lán-Ghaelach atá ann faoi láthair.’²⁰⁷ Croílár na faidhbe ná gur leas leis an Roinn Oideachais polasaí oideachais ceart a chruthú don Gaeltacht. Ní raibh an Roinn sásta dhá iar-bhunscoil a

203 *Irish Independent*, an 22 Lúnasa 1972.

204 *Irish Independent*, an 5 Meán Fómhair 1972.

205 *Ibid.*

206 Ó Buachalla agus Ní Shúilleabháin chuig Conradh na Gaeilge 1972.

207 *Inniu*, an 6 Deireadh Fómhair 1972.

bhunú—ceann don phobal ar na Cealla Beaga a réachtálfai trí mheán an Bhéarla agus ceann do Ghaoth Dobhair a mbeadh an Ghaeilge in úsáid inti.²⁰⁸ Bhraith tuairisceoir amháin ar *Pobal* gurb iad na státseirbhísigh, seachas na polaiteoirí, an phríomhconstaic i gcás Scoil Dhún Chaoin chomh maith. Dúradh go ‘gcumtar na polasaí... ag stát seirbhíseach. De bharr go bhfuil an polasaí i bhfeidhm, cosnaíonn Faulkner an beartas. Ní bhogann an Roinn.’²⁰⁹ D’aontaigh tuairisc i *Carn* leis an méid sin faoi Dhún Chaoin: ‘*the decision to close it was a civil servant’s not a politician’s. One can vote against a politician. What redress is there against bureaucracy?*’²¹⁰

Bíodh is go bhféadfai a rá go raibh an Roinn dall ar chearta daonlathacha lucht na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, bhí scoileanna eile a d’oscail gan mórán gleo. Níor tarraingíodh mórán airde sna meáin náisiúnta ar leithéidí Scoil Naithí go dtú gur tuairiscíodh ag deireadh na bliana 1972 go n-osclofaí í i rith samhradh na bliana 1973 agus 50 dalta le bheith in dhá rang.²¹¹ Bhí Coiste Bunaithe, ar a raibh Éamonn de hÓra, Mathúin Mac Fheorais, Seán Mac Gearailt agus Cáit Uí Chonalláin ag obair leo le bliain roimhe sin. Bhuaile dornán le chéile den chéad uair i dteach de hÓra in 1972. Cé go raibh Tomás Mac Gabhann i láthair ag an gcéad chruinniú sin, d’fheidhmigh an feachtas go neamhspleách agus ón mbun aníos. ‘Ní raibh mórán bainte againn in aon chor le éinne daíribh,’ mar ba chuimhin le hUí Chonalláin, ‘bhíomar linn féin.’ Ina dhiaidh sin, d’eagraigh siad cruinniú in 1972 i Halla an tSéipéal i nDún Droma chun speis an phobail a mheas agus fuair siad daichead ainm.²¹² Bhuaile toscaireacht ón scoil leis an Roinn i mí Eanáir 1973 chun a gcuid éileamh a leagan amach. Fógraíodh go poiblí i mí na Bealtaine go n-osclofaí an scoil faoi mhí Iúil le cead an Aire Oideachais nua, Richard Burke, Fine Gael.²¹³ Is léir ón méid atá le rá ag Uí Chonalláin, iarbhall de chuid Bhord Bainistíochta na scoile, gur éirigh leis an scoil réabhlóid chiúin a chur ar bun. Cuireadh ceist uirthi faoi na feachtais ghlóracha eile; Níor tharla rudaí mar sin

208 *Inniu*, an 2 Márta 1973.

209 *Pobal*, Eanáir 1972, 29.

210 *Carn*, Earrach 1973, 15.

211 *Irish Independent*, an 16 Nollaig 1972.

212 Agallamh.

213 *Irish Independent*, an 29 Bealtaine 1973.

dúinne. Ní raibh orainn dul amach ag máirseáil ná aon rud mar sin.’ Bhí ‘gaol saghas maith’ acu leis an Roinn Oideachais. Luann Uí Chonalláin gur daoine as Baile Átha Cliath ar an bhformhór a bhunaigh an scoil, ach go raibh tionchar ag muintir na Gaeltachta ar an scoil óir ba as Oileáin Árann an chéad bheirt mhúinteoirí, Páircín Ní Mhaoileoin agus Treasa Ní Fhoighil. Ina dhiaidh sin, bhíodh daoine Gaeltachta ag seoladh a bpáistí chun na scoile freisin. Bhíodh fadhbanna cóiríochta ann de shíor agus bhí sé deacair teacht ar shuíomh feiliúnach ar dtús.²¹⁴ An chonstaic ba mhó, is dócha, bhain sí le roghnú an phatrúin.

Uí Chonalláin: ‘Shocraíomar gurb é an bealach is éasca ná dul le pátrúnacht an Eaglais Caitlicigh. Agus dhéanamar sin agus is cuimhin liom, oh, bhí cúpla tuismitheoir ag gearrán’

Ó Luain: ‘Bhí siad ag iarraidh ceann ilchreidmheach?’

Uí Chonalláin: ‘*Yeah*, nach raibh aon ghá leis. Mar ag an am, ní dóigh liom go raibh Educate Together ann ag an am. Ceapaim go raibh cúpla duine ag gearrán faoi sin. Ach dhéanadh an pátrún tofa a bhí ann ag an am.’²¹⁵

214 Agallamh le Cáit Uí Chonalláin.

215 Agallamh.

CAIBIDIL 9:

**BLIAIN AN OLLTOGHCHÁIN AGUS LAINSEÁIL
PHOIBLÍ CHOMHCHOISTE NÁISIÚNTA NA
SCOILEANNA LÁN-GHAEILGE (CNSLG), 1973**

CHUIR LUCHT NA SCOILEANNA lán-Ghaeilge i nGaillimh, Comhdháil na Scoileanna Gaelacha, tús stuama leis an mbliain 1973 trí chomhthionól eile a reáchtáil i mí Feabhra. Ba é ‘Is Gá Oideachas Trí Ghaeilge?’ teideal an chomhthionóil. Labhair saineolaithe ar an oideachas ó na coláistí éagsúla, agus d’íoc an Roinn Oideachais cuid na costais reáchtála.²¹⁶ Ach ba é an olltoghchán a bhí go mór i mbéal phobal na Gaeilge ag tús na bliana i ndáiríre. Mhothaigh go leor de lucht na Gaeilge go mbeadh tábhacht as cuimse ag olltoghchán na bliana 1973 ar staid na teanga. Chreid Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Maolsheachlainn Ó Caollaí, go raibh todhchaí na teanga ag brath ‘ar thoradh an toghcháin agus polasaithe an dreama a bhéas i gcumhacht.’²¹⁷ Agus an t-olltoghchán ar na bacáin, ghéill Fianna Fáil d’éileamh aitheantais do Scoil Dhún Chaoin agus do Scoil an tSeachtar Laoch. Mheas Feiritéar agus Ó Torna, faoi seach, gur bhain an t-athrú poirt leis an mbuairt a bhí ann i measc Fhianna Fáil go caillfidís vótaí.²¹⁸ Mar a tharla sé, cuireadh deireadh le réimeas Fhianna Fáil agus toghadh comhrialtas d’Fhine Gael agus an Pháirtí Lucht Oibre. Drochthoradh a bhí ann don Ghaeilge, óir bhí Fine Gael meáite ar feadh i bhfad ar íslíú céime a thabhairt don teanga laistigh den státshéirbhís.²¹⁹ Níor chuir an méid sin bac ar an Aire Oideachais nua, Dick Burke, focail dheasa a scaoileadh uaidh i leith na teanga nuair a d’oscail sé Scoil Dhún Chaoin agus Scoil an tSeachtar Laoch go hoifigiúil le linn na bliana sin. Nuair a d’oscail Burke Scoil Dhún Chaoin i samhradh na bliana 1973, d’fhógair sé gur ghá ‘gach gléas agus gach fearas dá bhfuil againn a chabhróidh leis an gcuspóir sin a chur i gcrích (sin Éire saor agus Gaelach) ag teastáil go géar.’²²⁰

Thart faoin am céanna, chinn Burke dhá iar-bhunscoil a oscailt i dTír Chonaill, ceann iomlán Gaeilge sna Rossa agus ceann dáthean-

216 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 19.

217 Ó Caollaí, 1973.

218 Agallaimh le Colm Ó Torna agus Breandán Feiritéar.

219 Ferriter, *Ambiguous Republic*, 276.

220 *Carn*, Samhradh 1973.

gach ar an gClochán Liath. D'fhógair lucht an fheachtais i dteileagram chuig an Aire go raibh siad 'fíor-bhuíoch díot as cearta oideachais a thabhairt don Ghaeltacht.'²²¹ Ach ní fhéadfaí craiceann maith a chur ar an scéal i dTír Chonaill ina iomlán. Bhí tuismitheoirí i Rann na Feirste go fóill ag éileamh bunscoil neamhspleách le bus a d'fhreastalódh ar an gceantar máguaird, rud nach raibh á chur ar fáil. I bhFómhar na bliana 1973, chinn thart ar leathchéad tuismitheoir an bus a bhí ag tabhairt páistí amach as an gceantar láidir Gaeltachta i Rann na Feirste chuig an scoil Bhéarla in Anagaire a bhlocáil ar an mbóthar. Tháinig thart ar thríocha Garda ar an láthair agus rinneadh iarracht na hagóidithe a bhogadh. Ach theip ar na póilíní, bhog lucht na hagóide ar ais isteach agus shuigh siad ar an mbóthair tar éis gach iarrachta ag na Gardaí iad a chur den bhóthar.²²²

Le filleadh ar chúrsaí ag leibhéal an stáit—rinneadh lainséail phoiblí ar CNSLG ar an 4 Aibreán 1973 i gColáiste Mhuire. Ba léir go raibh meon an daonlathais chun cinn agus leagadh béim ar thábhacht na dtuismitheoirí le linn an chruinnithe. Dúradh go raibh 'gá le cabhair ó thuismitheoirí i gcúrsaí oideachais na linne seo.' Aontaíodh ag an gcruinniú go raibh gá lena leithéid de chomhchoiste, aontaíodh gur chóir dréacht-bhunreacht a scríobh agus toghadh an chéad Choiste Stiúrtha: Éilís Bean Uí Riain, Coiste Comhairleach Choláiste Mhuire, Cathaoirleach; Tomás Mac Gabhann, Rúnaí; Breandán Ó Bróithe, Coiste Thuismitheoirí Scoil Chaitríona; Breandán Pringle, Coiste Thuismitheoirí Bhaile Munna; Risteárd Mac Conchradha, Coláiste Íosagáin; Phil Bean Uí Chuimín, Scoil Lorcáin.²²³ Is cuimhin le Mícheál Ó Muircheartaigh, a bhí i láthair ag an gcruinniú agus a bhí ar dhuine d'uachtaráin na heagraíochta ar ball sna 1970í:

Is minic go dtarlaíonn rudaí a spreagann tú le rud éigin a dhéanamh nó cabhair a thabhairt do rud éigin a bhí á dhéanamh ag duine eile. Is dóigh liom gur rud a chuaigh i bhfeidhm go mór orm, bhíos istigh i gColáiste Mhuire. Bhí fearr ón nGaillimh—Niall Ó Murchadha is dócha an t-ainm a bhí air—agus i dtreo deireadh an chruinnithe thóg sé píosa páipéar amach as a phóca, agus thosnaigh sé [á léamh]. Agus an chéad rud a chuaigh i bhfeidhm orm ná nuair a dúirt sé, “níl anois ach seacht scoil lasmuigh den

221 *Donegal News*, an 21 Iúil 1973.

222 *Donegal News*, an 1 Meán Fómhair 1973.

223 Miontuairiscí agus comhfhreagras ar chéad chruinniú Chomhchoiste Náisiúnta na Scoilanna Gaeilge 1973.

Ghaeltacht atá ag múineadh trí mheán na Gaeilge... agus ag dul i laghad atá sé gach aon uair.” Agus is as sin a tháinig an smaoineamh Gaelscoileanna a thosnú.²²⁴

Léiríonn na coistí scoile éagsúla lena raibh baill an Choiste Stiúrtha bainteach gur eascair an teacht le chéile seo ón mbun aníos. Go deimhin, bhíodh na fadhbanna céanna á bplé ag CNSLG a bhí ag Comhdháil na Scoileanna Gaelacha i nGaillimh i rith an ama. Measann Ní Fhearghusa gur cosúil go raibh an dá dhream ag feidhmiú go neamhspléach ar feadh tréimhse i ngan fhios dá chéile.²²⁵ Léiriú eile ab ea é sin ar an easpa teagmhála ag leibhéal an stáit sular tháinig feachtais áitiúla chun chinn. Mar sin féin, d’imir na feachtais áitiúla, ach go háirithe ceann Bhaile Munna, tionchar ar smaointeoireacht CNSLG nuair a tháinig sé ar an bhfód. Níorbh eagraíocht é a bheadh ag plé amach ansin leis na hiarbhunscóileanna agus bunscóileanna lán-Ghaeilge meánaicmeacha amháin. Tagraíodh i meamram sa bhliain 1973 don éileamh ‘ar scoileanna Gaeilge ag pobal na hÉireann in ainneoin na ndeacrachtaí a chuirtear sa bhealach, agus, fairis sin, nach bhfuil an t-éileamh teoranta don mheánaicme amháin.’²²⁶ Ar an gcaoi chéanna, de dheasca fheachtais na Gaeltachta, agus theagmháil Rúnaí an CNSLG, Tomás Mac Gabhann, le muintir Oileán Thoráí ach go háirithe, rinne siad a ndícheall na scoileanna Gaeltachta a thabhairt faoi scáth na heagraíochta as sin go lár na 1980í.²²⁷

Fad a bhí an dul chun cinn á dhéanamh chun eagraíocht náisiúnta a bhunú, bhí dream ag obair leo ó dheas i gCorcaigh. Rinneadh oscailt oifigiúil ar an iar-bhunscóil Coláiste an Phiarsaigh agus an síneadh ar Scoil na nÓg i nGleann Mhaghair i dtreo dheireadh na bliana 1973. Ba chomhlacht príobháideach, Gaedhealachas Teoranta, a bhí i mbun na scoile a reáchtáil. D’ainneoin gur chúis cheiliúrtha a d’fhéadfadh a bheith san oscailt, cuireadh meon diúltach na Roinne in iúl nuair a labhair Tomás Ó Floinn, Rúnaí Comhalta sa Roinn Oideachas, ag an ócáid. Mhínigh sé gur ‘domhan Béarla atá ann—agus gur ghá dúinn é sin a admháil.’ Ní raibh sé ‘praiticiúil,’ ar seisean, go mbeadh tuistí ag súil leis an stát gníomhú agus scoileanna a thógáil gan éileamh a bheith

224 Agallamh le Mícheál Ó Muircheartaigh, 2023.

225 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 19, 21.

226 Meamram de chuid Chomhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Gaeilge, 1973.

227 Miontuairiscí Coiste Riartha CNSLG, Samhain 1973.

cruthaithe ar dtús.²²⁸ Ach, tríd is tríd, bhí Corcaigh fós ciúin go leor i rith na tréimhse seo. Bhí Cúige Mumhan chun dúiseacht ar ball.

Ba é Baile Átha Cliath an láthair chatha ba mhó in iar-Ghaeltacht na Sé Chontae Fíchead i luathbhlianta na gluaiseachta. Leanadh leis an bhfeachtasaíocht sa chathair le linn 1973. Cé gur éirigh Breandán Pringle as mar chathaoirleach ar Choiste na dTuismitheoirí i mBaile Munna de bharr gur sheol sé a pháiste chuig an scoil lán-Ghaeilge i nGlas Naíon, Scoil Moibhí, níor ligeadh na maidí le sruth. Braitheadh go raibh líon na ndaltaí sa scoil fós ró-íseal agus chun tuilleadh tuismitheoirí a mhealladh, mar a scríobh Ó Torna, ‘socraíodh ar bhileoga a scaipeadh ar fud an eastáit agus ar na sráideanna i ngiorracht do Bhaile Munna.’²²⁹ Bunaíodh fochoiste chun tabhairt faoi thiomshú airgid chun díol as cóiríocht na scoile agus tuarastail múinteoirí, scríobhadh bunreacht na scoile agus tosaíodh ar obair chun naíonra a bhunú.²³⁰ Bhí an ceart ag an gcoiste buairt a bheith orthu. Faoi mhí Dheireadh Fómhair, ní raibh an Roinn sásta an ceathrú múinteoir a íoc de bharr nár shroich Scoil an tSeachtar Laoch an tairseach d’ochtó dalta a bhí de dhíth agus gan ach seachtó dalta sa scoil. Chuaigh Coiste Tacaíochta Bhaile Munna i mbun maoiniú a chuardach chun an 25p nó 50p sa tseachtain a mbeadh ag teastáil chun an múinteoir a choimeád fostaithe.²³¹ Ceapadh Pádraig Ó hEarcáin mar phríomhoide ar an scoil go luath i ndiaidh a bunaithe, rud a bhí fíorthábhachtach mar gur ‘mheall sé na daoine agus d’fhás an scoil go tapaídh ina dhiaidh sin.’ B’as an Ómaigh Ó hEarcáin. Cuireann Ó Torna síos ar an meon a bhí aige i leith na scoile:

Poblachtánach amach is amach ab ea é. Bhí iarracht amháin déanta uair amháin chun polaitíocht a tharraingt isteach i saghas íomhá na scoile, “*left-wingy stuff, you know*” agus dúirt Pádraig “*no politics*, ní bhaineann polaitíocht olc, maith nó dona leis an scoil seo. Is oideachas atá i gceist. Agus más mian le éinne a bheith ag iarraidh go ndéanfaí seasamh a rá go raibh an scoil ar mhaithe le polaitíocht de shaghas áirithe, tá mise ag imeacht.” Ainneoin go raibh sé féin an-láidir mar phoblachtánach.²³²

228 *Irish Examiner*, an 12 Samhain 1973.

229 Miontuairiscí, Coiste Thuismitheoirí Bhaile Munna, an 9 Iúil 1973.

230 Miontuairiscí, Coiste Thuismitheoirí Bhaile Munna, an 23 agus an 30 Iúil agus an 8 Lúnasa.

231 *Irish Press*, 16 Deireadh Fómhair 1973.

232 Agallamh.

Ar Shráid Maoilbhríde, ar an gcéad lá scoile i bhFómhar na bliana 1973, cuireadh na tuismitheoirí agus páistí ó dhoras de bharr nach raibh na hoibreacha feabhsúcháin críochnaithe. Mar a tuairiscíodh ar *Inniu*, ‘ní ligfí thar an ngeata’ na páistí, ‘ainneoin go raibh sé ag steal-ladh báistí.’ Nuair a d’fhiosraigh na tuismitheoirí an scéal, is i mBéarla a fuair siad freagra. ‘*If you want to do your business quickly, you’d better do it in English,*’ a dúirt státseirbhíseach amháin leo. Bhí baill de Choiste Thuismitheoirí Scoileanna Gaeilge Shráid Mhaoilbhríde ar buille agus spreagadh chun gnímh iad. Tionóladh an chéad chruinniú cinn bhliana den Choiste ina dhiaidh sin ar an 11 Meán Fómhair sa Metropolitan ar Shráid na Mainistreach Íochtarach. Tugadh cuireadh do phríomhoidí na scoileanna agus do bhainisteoirí ón Eaglais agus ón Roinn Oideachais a bheith i láthair.²³³ Is cosúil gur réitíodh an scéal ina dhiaidh sin, óir ní fheictear tuilleadh tuairiscí air sna meáin i ndiaidh an chruinnithe.

Lean líon na mbunscoileanna a mhúin gach ábhar trí Ghaeilge ach amháin an Béarla sa Ghaeltacht ag titim isteach sa bhliain 1974. Sa scoilbhliain 1972–73, bhí 168 de na scoileanna sin agus 10,878 ag freastal orthu. An bhliain dár gcionn, 1973–74, bhí 157 agus 10,536. Ach san iar-Ghaeltacht, bhí rath ar an streachailt agus an taoide ag chasadh. D’ardaigh líon na scoileanna ann ó 23 go 28 idir 1972–73 agus 1973–74. Bhí ardú freisin ar líon na ndaltaí ó 2,880 go 3,130, nó 250 dalta breise.²³⁴ Dul chun cinn eile ab ea an cónascadh a tharla idir Comhdháil na Scoileanna Gaelacha agus CNSLG le linn 1974. Beartaíodh ar airgead a bhí bailithe ag Comhdháil na Scoileanna Gaelacha i nGaillimh—£103.86, dár le Niall Ó Murchadha—a chur i dtreo na heagraíochta nua. Cloíodh leis an ainm Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Gaeilge agus ceapadh Éilís Bean Uí Riain mar Chathaoirleach ar an eagraíocht úir.²³⁵

Ach baineadh an ghaoth as seolta lucht labhartha na Gaeilge i dtreo dheireadh na bliana nuair a chinn an tAire Airgeadais agus Seirbhís Poiblí, Richie Ryan, Fine Gael, deireadh a chur leis an riachtanas Gaeilge don státseirbhís. Mar fhreagra ar an gcinneadh d’eagraigh daltaí sinsearacha Coláiste Mhuire mórshiúl trí shráideanna na cath-

233 *Inniu*, an 7 Meán Fómhair, 1973.

234 *An Roinn Oideachais: tuarascáil staitistiúil*, 1972/73–1973/74, 12.

235 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 19, 21.

rach inar ghlac 1,000 duine páirt. Thacaigh múinteoirí, tuismitheoirí agus eagraíochtaí Gaeilge amhail Conradh na Gaeilge, Gael Linn agus Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, mar aon le hionadaithe ó scoileanna agus eagraíochtaí Gaeilge i Luimneach, Corcaigh, Sligeach agus Béal Feirste leis an mórshiúl. Bhí meirgí agus plaiceaírd le feiceáil a thagair do chearta sibhialta agus a cháin polasaí an rialtais i leith na teanga. I ndiaidh dóibh bailiú le chéile lasmuigh de Theach Laighean ar feadh tréimhse, leagadh litir agóide, sínithe ag Uachtaráin Choláiste Mhuire, an Bráthair M. F. Ó Donnchú, isteach chuig an Roinn Airgeadais. Cháin an litir an rialtas as cúl a thabhairt do phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge de bharr nach raibh seirbhísí stáit le fáil i nGaeilge.²³⁶

236 *Irish Independent*, an 13 Samhain 1974.

CAIBIDIL 10:

TÚS MAITH LEATH AN HOIBRE AGUS AN TEANGA SA PHOBAL, 1975–76

D'AINNEOIN LEITHCHEAL an stáit i leith na teanga agus meon na Roinne ag an am, bhí naoi scoil lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath faoi thús 1975: Scoil Cholmcille agus Scoil Mhuire, Sráid Mhaoilbhríde, Scoil Lorcáin, Baile na Manach, Scoil Bhríde, Raghnaillach, Scoil Neasáin, Baile Hearman, Scoil an tSeachtar Laoch, Baile Munna, Scoil Ullmhúcháin, Coláiste Mhuire, Cearnóg Pharnell, agus Scoil Naithí, Dún Droma.²³⁷ Tháinig Scoil Oilibhéir i mBaile Bhlainséir ar an bhfód ní ba dhéanaí in 1975 agus lámh mhór ag Mícheál Ó Muircheartaigh i mbunú na scoile. Bhí fadhb ag an scoil suíomh a aimsiú ar dtús. D'éirigh raic idir an Bord Bainistíochta agus Comhairle Pobail Bhaile Bhlainséir mar gheall ar cheardscoil sa dúiche a bhí folamh agus a d'fhéadfaí seomra ranga breise do Scoil Oilibhéir a chur ann.²³⁸ Ag leibhéal na hiar-bhunscoile bhí bua don fheachtas ar son Coláiste Eoin agus Íosagáin faoi 1975. Mar a mhíníonn Brian Mac Aonghusa, d'éirigh an bua go mór mór as iarrachtaí tuismitheoirí Scoil Lorcáin ar feadh roinnt mhaith blianta roimhe sin. Bhí 'a lán meánscoileanna measúla seanbhunaithe' sa cheantar cheana féin, ach, arsa Mac Aonghusa, d'éirigh leis na tuismitheoirí 'aontas na mBráithre Críostaí agus Siúracha na Trócaire a fháil chun dhá mheánscoil a bhunú i mBaile an Bhóthair.' Le bunú na meánscolaíochta trí Ghaeilge, a mhaíonn sé, 'tháinig borradh dáiríre faoi phobal na Gaeilge i ndeisceart Chontae Átha Cliath.'²³⁹

Thosnaigh CNSLG ag feidhmiú ar bhonn níos gairmiúla in 1975 agus obair na heagraíochta ag dul ar aghaidh in oifig de chuid Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge ar Shráid Ghairdinéir.²⁴⁰ Ag tús na bliana réachtáladh cruinniú agóide de 300 Gaeilgeoir i dTeach an Ardmhéara 'mar agóid in aghaidh drochstaid na Gaeilge sa tír go ginearálta agus de bharr polasaithe an Rialtais agus R.T.É.' Chreid iriseoir amháin de chuid *Comhar* go raibh 'borradh úr ag teacht i gcúrsaí na Gaeilge sa tír.'

237 *Irish Press*, an 5 Eanáir 1975.

238 *Evening Herald*, an 26 Iúil 1976.

239 Brian Mac Aonghusa, 'Pobal Gaeilge Dheisceart Chontae Átha Cliath,' i *Léargas: Pobal na Gaeilge 2006* eag. Helen Ní Mhurchú, (Clódóirí Lurgan, 2006), 76-77.

240 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 19, 21.

Ghlac sé ‘lámh láidir an Rialtais chun an borradh seo a chur fúinn,’ a dúirt siad, agus tuaradh go mbeadh ‘níos mó agóidí agus máirseáil ann as seo amach.’²⁴¹ Mar a mhaíonn Seán Tadhg Ó Gairbhí cé gur ‘beag rian a d’fhág an feachtas ar pholasaí RTÉ toisc gur bheag a bhí RTÉ féin sásta a ghéilleadh,’ thosaigh an feachtas teilifíse ag bailiú nirt ó lár na 1970í ar aghaidh. Ba ar RTÉ a bhí an feachtas dírithe, ag an bpointe sin, seachas ar stáisiún teilifíse Gaeilge a bheadh neamhspleách.²⁴²

Bhíodh an obair seo ar son na teilifíse Gaelaí agus na Gaelscolaíochta ar bun i measc an phobail ar bhonn leanúnach, cé go raibh cuid mhaith den phobal céanna ar nós cuma liom faoin nGaeilge. Dhearbhaigh suirbhé amháin a ghlac baill den eagraíocht Ógras ar an Tullach Mhór in 1975 nach mbeadh ach 26% ar an mbaile sásta go mbunófaí scoil lán-Ghaeilge ann.²⁴³ Bhí cancrán nó dhó i mBaile Muna nár thacaigh le hiarrachtaí na dtuismitheoirí chomh maith. Scríobh Patrick J. Murphy chuig an *Irish Independent* i Márta na bliana 1974 agus líomhaintí á ndéanamh aige go bhfuair sé glaonna gutháin agus litreacha anaithnid ag glaoch ‘*traitor, jackeen (or seoinin), West Briton etc. etc.*’ air.²⁴⁴ Ar an mórgóir, léirigh tuairisc *An Coiste um Thaighde ar Dhearcadh an Phobail i dTaobh na Gaeilge*, nó CLAR i mBéarla, a foilsíodh in 1975, in ainneoin nach raibh pobal na Sé Chontae Fichead i bhfabhar gnéithe riachtanacha a bhain leis an teanga sa státshéirbhís ná sa chóras oideachais, go raibh ‘*general and widespread support for a bilingual objective. This support is based on a widely shared set of beliefs about the cultural and ethnic symbolic significance of the language.*’²⁴⁵

I lár na 1970í, thosaigh daoine áirithe ag déanamh measúnú ar na blianta fáis a bhí tar éis titim amach sa Ghaelscolaíocht. Ag breathnú siar dóibh in 1976 ar an mborradh a bhí tagtha ar na scoileanna lán-Ghaeilge le blianta beaga anuas, chaith eagarthóirí *Combar* súil chriticiúil ar an bhfás. Cé gur admhaíodh gur ‘tuar dóchais’ a bhí san fhás ‘sna fo-bhailte’ thart ar Bhaile Átha Cliath ach go háirithe, tugadh

241 *Combar*, Feabhra 1975, 3.

242 Seán Tadhg Ó Gairbhí, *Súil Eile* (Cois Life, 2017), 8-9

243 *Offaly Independent*, an 11 Aibreán 1975.

244 *Irish Independent*, an 19 Márta 1974.

245 *An Coiste um Thaighde ar Dhearcadh an Phobail i dTaobh na Gaeilge*, 1975.

rabhadh leis:

Ná luimis siar go sásta in éis an mhéid sin; ná cuirimis dallóg orainn féin. Cé nach bhfeileann sé é a admháil (go háirithe nuair a bhíonn éileamh a' dhéanamh), ní mór a rá gur iomaí tuismitheoir gur cuma leis/léi an Ghaeilge agus go gcuireann siad a bpáistí chuig na scoileanna lánGhaelacha seo. Is lú na ranganna iontu ná ranganna ollmhóra go leor de na gnáth-scoileanna naisiúnta agus muna mbeadh ann ach “árachas,” ní dhéanfaidh sé dochar ar bith do na gasúir Gaeilge a bheith acu ar fhaitíos go mba chuidiú dóibh í amach anseo!²⁴⁶

Ar an lámh eile, faoi lár na 1970í bhí na meáin Bhéarla ag tagairt do na ‘*winds of change*’ a tháinig ag deireadh na 1960í agus ag tús na 70í a spreag borradh sna scoileanna lán-Ghaeilge. Dar le hiriseoir amháin, Peter Sheridan, agus é ag scríobh san *Irish Independent* in 1976, tháinig Seán Ó Riada agus lean leithéidí Ceoltóirí Laighean, The Chieftains agus Planxty chun cinn chun beocht nua chultúrtha a fhorbairt sa tír. Leis seo, bhí ‘*corollary development*’ i réimse an oideachais.²⁴⁷ Mar a dúradh níos luaithe, ba chúiseanna struchtúrtha agus idé-eolaíochta ba mhó a spreag teacht chun cinn na gluaiseachta, seachas feasacht éigin nua ar an gcultúr trí phríosma an cheoil. Mar sin féin, bhí Sheridan tar éis athrú meoin a aithint. Tugadh suntas don athrú seo i saol na Gaeilge leis. In eagarfhocal a bhí níos báula ná an ceann thuas, d’áitigh *Combar* in 1975 go raibh ‘gnáth-mhuintir na hÉireann ag tosú ar suim a chur sa Ghaeilge agus b’fhearr duine amháin den ghnáth-mhuintir sin ag labhairt Gaeilge ná deichniúr acadúil.’²⁴⁸

Ba í an phríomhaidhm a bhí ag lucht bunaithe na scoileanna lán-Ghaeilge ná go mbeadh an Ghaeilge i seilbh na bpáistí agus oideachas d’ardchaighdeán acu chomh maith.²⁴⁹ Thairis sin, theastaigh uathu go n-úsáidfí an scoil lán-Ghaeilge mar bhunchloch le go leathnófaí an teanga amach sa phobal. Chreid Príomhoide Scoil Neasáin, Mícheál Ó Fathaigh, go raibh tábhacht ann go dtógfadh na tuismitheoirí ranganna ‘chun go dtuigfidh na páistí nach teanga scoile amháin an Ghaeilge ach gur teanga bheo chaidrimh atá inti.’²⁵⁰ Chreid Pádraig Ó hEarcáin,

246 *Combar*, Feabhra 1976, 2.

247 *Irish Independent*, an 7 Eanáir 1976.

248 *Combra*, Feabhra 1975, 3.

249 Agallamh Ó Murchadha agus Uí Langáin.

250 *Combar*, Bealtaine, 1972, 25.

Príomhoide Scoil an tSeachtar Laoch an rud céanna. Scríobh Ó Torna i dtuairisc do *Inniu* in 1976 go ndúirt Ó hEarcáin ‘go gcaithfear an Ghaeilge a bhíonn á labhairt sa scoil agus i measc na dteaghlach a bhaineann léi a leathnú amach go mbeidh sí le cloisteáil sna siopaí agus i Lár-Ionad Bhaile Munna féin.²⁵¹ Bhí lucht Baile Munna dírithe ar an méid sin a bhaint amach ón tús agus reáchtáladh ranganna rialta do na tuismitheoirí sna hárasáin.²⁵² Coinníodh leis na ranganna i ndiaidh bhunú oifigiúil Scoil an tSeachtar Laoch. In 1975, d’fhreastal roinnt tuismitheoirí ar chúrsa cúig seachtaine eagraithe ag Gael Linn. Nuair a chríochnaigh an chúrsa, rinne Dónall Ó Mórán, Cathaoirleach Ghael-Linn, comhghairdeas poiblí leo as bheith chun cinn ar an ngluaiseacht teanga.²⁵³ Léiriú eile ar na hiarrachtaí a bhí ar bun ag Scoil an tSeachtar Laoch nascadh leis an bpobal ab ea mórshiúl tríd Bhaile Munna agus píobaire á threorú a reáchtáladh mar chuid de lá spóirt in Iúil na bliana 1974.²⁵⁴ An bhliain dár gcionn, 1975, thrácht Cathaoirleach Choiste na dTuismitheoirí i mBaile Munna, Antóin Mac Giolla Rua gurb ‘iad oibritheoirí Jacobs a thug an chéad chéim eile sa treo ceart—an Ghaeilge a úsáid eatarthu féin ag a gcuid oibre.’ Ag tagairt d’iarrachtaí a bhí ar bun sa mhonarchan an Ghaeilge a chur chun cinn trí chártaí foghlamtha a dháileadh a bhí sé. Chreid Mac Giolla Rua go mbeadh sé ‘ina chéim mhór ar aghaidh don Ghaeilge dá mba rud é go mbeadh an Conradh agus dreamanna eile sásta scéim mar sin a chur ar aghaidh i ngach monarcha agus áit oibre in Éirinn.²⁵⁵

Cosúil le go leor scéimeanna eile dá sórt, d’imigh siad leis an ngaoth, in éagmais iad a bheith fréamhaithe i bpobal buan. Ba i mBéal Feirste amháin a bhí ag éirí le lucht na scoileanna lán-Ghaeilge an scoil a nascadh go dlúth le pobal labhartha Gaeilge lasmuigh di. Chuaigh Deasún Breathnach ar cuairt chuig Bunscoil Phobal Feirste i bhFómhar na bliana 1971, cuairt a ndearna sé thuairisc uirthi i litir chuig *Inniu*. ‘Níl deontas ar fáil don scoil agus níl Pobal Feirste dóchasach go mbeidh a leithéid aige choíche agus Stormont beo’ a scríobh Breathnach. Mhínigh Séamus Mac Seáin na slíte ar bhailigh an Comharoide-

251 *Inniu*, an 24 Meán Fómhair 1976.

252 Agallaimh le Colm Ó Torna agus Éilís Uí Langáin.

253 *Irish Press*, an 25 Márta 1975.

254 *Inniu*, an 5 Iúil 1974.

255 *Inniu*, an 29 Lúnasa 1975.

achas acu a gcuid airgid. Ba i bhfocail dhearfacha a chuir Breathnach síos ar an méid a bhí bainte amach go dtí sin i mBéal Feirste: ‘cheana féin, tá rudaí déanta ag na hUltaigh seo nach bhfuil le feiceáil i mBaile Átha Cliath féin, áit nach bhfuil dhá theaghlach Ghaelach suite taobh le taobh go fóill.’²⁵⁶ I mBaile Átha Cliath, bunaíodh na scoileanna lán-Ghaeilge ar dtús, agus rinneadh iarracht ina dhiaidh sin an teanga a fhréamhú sa phobal, ach ní raibh rath buan ar na hiarrachtaí. Cuireadh an carr roimh an gcapall ar mhórán bhealaí.

Advanced Review Copy

256 *Inniu*, 16 Deireadh Fómhair 1971.

CAIBIDIL 11:

SCOIL CHRÓNÁIN, 1975—‘TÁ SÉ IN AM AGAINN
RUD A DHÉANAMH’

THÁINIG SCOIL LÁN-GHAELIGE amháin eile ar an bhfód le linn na tréimhse seo. Ba i sráidbhaile beag i gceantar tuaithe i gContae Átha Cliath a tharla sin, agus dá réir sin bhí sí éagsúil ar bhealach leis na scoileanna lán-Ghaeilge bruachbhailteacha. Scoil Chrónáin i Ráth Cúil atá i gceist agus saolaíodh í sa bhliain 1975. Ach téann scéal na scoile siar go dtí an tréimhse 1967–72, nuair a bhí Dónall Ó Riagáin ag obair mar riarthóir náisiúnta ar chomórtas Ghlór na nGael i Nás. Ba ansin a bhuail sé le ball de chuid choiste Ghlór na nGael darbh ainm Nodlaig Ó Cianáin, siopadóir ar an mbaile.²⁵⁷ Bhí Ó Cianáin tar éis naiscoil a bhunú i Halla an Bhaile agus, mar a deir Ó Riagáin, ‘bhíodh sé i gcónaí ag rá gur theastaigh uaidh bunscoil a bhunú.’ I ndiaidh do chéad pháiste Uí Riagáin agus a bhean Treasa teacht ar an saol in 1973, bhí práinn i gceist leis an gcoincheap:

bhíomar ag rá, caithfidh muid rud éigin a dhéanamh faoi Ghaelscoil a bhunú. Mar a tharla sé bhí... Muintir Chrónáin lonnaithe i gCluain Dolcáin... agus is minic a bhíodh oíche cheoil agus chaidrimh... agus is minic a bhíomar ag rá “ba chóir dúinn rud éigin a dhéanamh faoi Ghaelscoil a bhunú,” ach níor tharla sé... Ach do tharla rud aisteach. Bhí Muintir Chrónáin ag bogadh thart agus oíche amháin bhogadar go dtí Óstán John Devoy sa Chill. Bhí scata againn istigh agus arís bhí an chaint ar siúil, ba chóir dúinn rud éigin a dhéanamh faoi bhunscoil a bhunú. Agus cé tháinig isteach an doras trí sheans, ach Nodlaig Ó Cianáin. Ghlaoigh mé trasna chuige agus dúirt mé “seo comhartha ó Dhia, tá sé in am againn rud a dhéanamh.” Fear a bhí ag caint ar bhunscoil a bhunú. Dáiríre de shocraíomar ansin ar chruinniú a ghairm sa tig againn i Ráth Cúil roinnt lá ina dhiaidh sin agus bunaíodh coiste ad-hoc chun dul i mbun na hoibre, b’shin ’73.²⁵⁸

Bhí Brenda Ní Shúilleabháin, múinteoir Gaeltachta óg as Corca Dhuibhe, ina cónaí sa cheantar ag an am agus baint aici leis an gcoiste céanna. Is cuimhin léi go raibh an tromlach ar an gcoiste óg agus clann óg acu go léir. ‘Bhí fonn orainn scolaíocht Ghaeilge a bheith ar fáil dóibh,’ a deir sí, ach ‘thógamar linn cúpla duine eile, seandaoine a bhí

²⁵⁷ Féach an *Leinster Leader*, an 3 Feabhra 2019 le haghaidh tuilleadh eolais ar shaol Uí Chianáin ina thuirisc bháis.

²⁵⁸ Agallamh.

ina gcónaí i gCluain Dolcáin.²⁵⁹ I measc na dtuismitheoirí óga, bhí: Proinsias Ó hAilín, múinteoir a bhí ina chónaí i Ráth Cúil; Joan Moss, bean a bhí pósta le fear gnó agus í ag cur fúithi ar an Nás; Kay Saunders as Ráth Cúil; Nodlaig Ó Cianáin, an siopadóir ón Nás a bhí tar éis a chlann a thógáil le Gaeilge, agus Dónall agus a bhean Treasa Uí Riagáin a bhí ina gcónaí i Ráth Cúil. Bhí beirt sheanfiondúirí as Cluain Dolcáin ar an gCoiste Bunaithe chomh maith, Séamus Ó Cathasaigh, a bhí bainteach leis an ngrúpa thuasluaite Glúin na Buaidhe roimhe sin agus a bhí mar bhainisteoir ar an nuachtán *Inniu*, agus Mícheál Ó Monacháin, a bhí ina múinteoir gairmscoile.²⁶⁰

Ní raibh sé éasca ag an gcoiste a gceann scríbe a bhaint amach. Dar le hÓ Riagáin, ‘bhí go leor freasúra i measc an phobail... agus mheasas roinnt polaiteoirí chomh maith.’ Ar an gcaoi céanna le Gaillimh, bhraith Ó Riagáin faoi na luathsheachtóidí go raibh ‘go leor naimhdeas don Ghaeilge, agus ná dearúd gur in 1973 a cuireadh deireadh leis an nGaeilge mar ábhar riachtanach san Ardteist agus rud a bhí i bhfad Éirinn níos measa ná gur cuireadh deireadh leis na nGaeilge mar cháilíocht chun fáil isteach sa státseirbhís poiblí... Bhí daoine ag rá “*they’re trying to damage the parish schools.*”’ Thagair sé don pháirtí Fine Gael go sonrach agus dúirt go raibh ‘sé faiseanta bheith frith-Ghaelach ag an am.’ Go háitiúil, bhí beirt chomhairleoirí a bhí naimhdeach go maith, Larry McMahon (Fine Gael) agus Seán Walsh (Fianna Fáil). Ach fuair an scoil tacaíocht ó pholaiteoirí áirithe. Mar shampla Mervyn Taylor, “Teachta Dála de chuid an Lucht Oibre a bhí an-bháúil, Giúdach a bhí ann.”²⁶¹

Bhí tuairimí éagsúla i measc na státseirbhíseach agus na cléire i leith na scoile ag an am chomh maith. Is cuimhin le hÓ Riagáin gur sheas cigire suas ag seimineár i mBaile Átha Cliath de chuid Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge faoi mhúineadh na Gaeilge sa chóras oideachais chun a thuairimí ar cheist na Gaelscolaíochta sa chathair a chur in iúl. Arsa an chigire “tá Scoil Lorcáin i ndeisceart na cathrach agus Scoil [Neasáin] i dtuaisceart na cathrach, [mar sin] tá an fhadhb sin

259 Agallamh.

260 Agallamh le Dónall Ó Riagáin.

261 Agallamh le Dónall Ó Riagáin.

réitithe.”²⁶² Snámh in aghaidh easa a bhí ann an scoil a bhunú dár le hÓ Riagáin. Ar an láimh eile:

Bhí an t-ádh orainn gur chuir Leas-Rúnaí nó Rúnaí Cúnta... sa Roinn Oideachais, spéis sa rud, Pádraig Breathnach... Bhuaileas le Pádraig agus bhí sé an-bháúil. Dúirt sé gurb é an rud is tábhachtaí ná uimhir rolla a fháil, sé sin an comhartha go bhfuil tú aitheanta ag an Roinn. Dúirt sé chun é sin a fháil ní mór cúig dalta agus fiche a bheith agat, agus dúirt sé “nílim go maith ag an uimhriocht agus dá bhfaighfeá beirt is fiche tabharfainn an uimhir rolla daoibh.”²⁶³

Ba gheall le treascairt iarrachtaí an Choiste Bunaithe i súile an tsagairt áitiúil. Nuair a chuir Dónall agus a bhean Treasa fógra sa nuachtlitir pharóiste áitiúil maidir le cruinniú poiblí i leith bhunú na scoile, fuair Treasa glaoch ón sagart: “*how dare you try to set up a school? That’s my business!*” Murab ionann agus an sagart áitiúil, bhí rúnaíocht oideachais an Ard-Easpag ‘i bhfad níos tuisceanaí agus níos cuidithí.’²⁶⁴ Ón tús, nuair a ceapadh í mar phríomhoide tar éis bhunú na scoile, ní raibh Ní Shúilleabháin ‘ag lorg aon ghaol’ leis an Eaglais, óir ‘níor scoil paróiste sinn. Ba scoil Chaitliceach sinn, ach níor scoil pharóiste sinn. Agus dá bhrí sin ní raibh an oiread san de ghaol againn lena chéile.’²⁶⁵

Ainneoin na gconstaicí úd, d’éirigh leis an scoil oscailt sa bhliain 1975. B’ait le Dónall Ó Riagáin seasamh an rialtais i leith fhorbairt na scoileanna lán-Ghaeilge agus é ag labhairt le *Inniu* ag oscailt oifigiúil Scoil Chrónáin an bhliain sin: ‘an mbeadh sé iomarcach bheith ag súil go nglacfadh an rialtas an tosaíocht agus go gceapfaidís agus go bhfeidhmeoidís, i gcomhar leis na húdaráis eaglasta, polasaí a chinnteodh oideachas lán-Ghaelach do na páistí úd a raibh a leithéid ag teastáil uathu óna dtuismitheoirí?’²⁶⁶ Ba léiriú an méid sin go raibh tuiscint ann i measc na mbunaitheoirí nach mbunódh an Roinn scoileanna lán-Ghaeilge gan pobal na Gaeilge ‘éileamh’ a chruthú, rud a bhí ag teacht, dár ndóigh, le polasaithe coimeádacha airgeadais na Roinne agus na Roinne Airgeadais.

Chruthaigh na mór-pholasaithe céanna seo deacrachtaí ar leith

262 Agallamh.

263 Agallamh.

264 Agallamh.

265 Agallamh.

266 *Inniu*, an 12 Nollaig 1975.

ag an leibhéal áitiúil sna scoileanna féin, Scoil Chrónáin ina measc. Dhíol an Roinn Oideachais as na busanna, ach, mar a deir Ó Riagáin, theastaigh uathu *‘minimalist approach’* a ghlacadh. An toradh a bhí air seo ná go raibh an Roinn ag ceistiú an raibh gá le busanna áirithe, rud nár chabhraigh mar go raibh abhantrach chomh mór sin ag Scoil Chrónáin ar dtús lena áiríodh Ráth Cúil féin, an Caisleán Nua, Nás, Cluain Dolcáin, Tamhlacht agus ‘amuigh ar na sléibhte i gCill Mhantáin fiú.’²⁶⁷ Mar a áitíonn Ní Shúilleabháin: ‘dá mbeifeá chun scoil a bhunú ní i Ráth Cúil a bhunófa é, bhfuil fhios agat?... an ceantar ba lú i measc na n-áiteanna ansan go léir.’²⁶⁸ Anuas air sin, ba chnámh spairne iad cúrsaí cóiríochta do Ní Shúilleabháin, agus í ina príomhoide, nár leigheasadh go ceann i bhfad:

An fhadhb ba mhó a bhí againn, agus chuir sé tinneas ar gach aon rud, cóiríocht. Cóiríocht, cóiríocht, cóiríocht. Is cuimhin liom lá amháin bhí scéal ar an teilifís an oíche roimh ré go raibh scoil i gContae Mhaigh Eo dúnta toisc francaigh agus bhéiceas ag gairí mar dá ndúnfaimisne do francaigh bheimis dúnta gach aon tseachtain. Bhí lá amháin agus bhíos san oifig.. Máiréad Ní Chatháin a bhí ag múineadh linn ag an am, tháinig sí isteach agus dúirt sí “tá francach i mo sheomra ranga”... “Beo nó marbh?,” arsa mise. “Beo,” ar síse. *So* bhéiceas ar Pháid (Ó Conchubhair) agus dúirt le Páid “b’fhearr duit é a mharú.” Fuair Páid uirlis agus mharaigh sé an francach. Agus chuas féin agus Máiréad Ní Chatháin, buidéal Domestos agus éadach agus b’éigean dúinn na hurláir, agus na fallaí, agus na cathaoireacha, agus na boird ar fad a chuimilt... sula bhféadfadh muid na páistí a scaoileadh isteach. Agus tharla sé sin chomh minic.²⁶⁹

Rinne roinnt tuismitheoirí in abhantrach leathan na scoile neamhaird de na droch-choinníollacha cóiríochta chun a bpáistí a sheoladh chomh fada le Ráth Cúil. Tugann Ní Shúilleabháin léargas ar an méid sin agus ar cheist chigilteach na haicme mar a bhaineann sí leis na scoileanna lán-Ghaeilge sa sliocht seo a leanas:

É sin ráite... i gcaitheamh mo thréimhsa i Scoil Chrónáin bhí daoine ag cur a bpáistí ar bhus ó Chluain Dolcáin go Ráth Cúil. Bhíodar ag gabháil thairis Gaelscoil Chluain Dolcáin agus bhíodar ag teacht go dtí Ráth Cúil. Agus an chúis a bhí leis sin, is dóigh liom, ná bhíodar so ar chuid den phobal ba bhoichte dá raibh againn sa scoil. Ach níor theastaigh uathu a gclann a thógaint i measc an phobail a bhí ina dúimpeall. Agus is dóigh liom go dtu-

267 Agallamh le Dónall Ó Riagáin.

268 Agallamh.

269 Agallamh le Brenda Ní Shúilleabháin.

igeadh dóibh. *Now* bhí leaidín beag ó Chluain Dolcáin agus lá amháin bhí sé ag féasta breithlae áit éigin suas sna cnoic agus bhí ormsa marcaíocht a thabhairt abhaile dó ar chúiseanna nach cuimhin liom... agus ar a shlí anuas an chnoc, d'fhéach sé timpeall air féin ar na *south forks* go léir a bhí timpeall air agus dúirt sé, i mBéarla, “*when I grow up I’m going to have a house like that,*” agus cuirfidh mé geall go bhfuil... Bhí rud amháin a thaitin go mór liom mar gheall ar an scoil. Bhíodh daoine a thiomáineadh Mercedes a thabharfadh a bpáistí isteach go dtí féastaí breithlae i Rowlagh agus a thugadh páistí ó Rowlagh amach go dtí a dtithe go dtí féastaí breithlae. Agus is rud an-dheas é sin. Agus tá rud eile a bhaineas as san... An rud atá spéisiúil faoi Ghaelscoileanna—tá’s agat i mBleá Cliath go mbeireann canúint cé hé tú féin agus cad as duit agus cén grád den saoil lena mbaineann tú. Bhuel nuair atá tú i nGaelscoil, ní chiallaíonn sé sin puinn, mar labhrann gach éinne canúint Ghacilge na nGaelscoileanna. Níl an deighilt sóisialta chomh soiléir.”²⁷⁰

CAIBIDIL 12:

GAELSCOILEANNA AR AN BHFÓD, 1976

BRAITHEADH GO RAIBH ATHRÚ meon san aer go fóill ag tús 1976. Faoin mbliain sin, bhí leithéidí Mhicheáil Uí Fhathaigh ag breathnú siar ar an mborradh a bhí tar éis tarlú ar Scoil Neasáin ó 1969 i leith. Agus é i mbun comhrá leis an *Irish Independent* in Eanáir na bliana 1976, mhínigh Ó Fathaigh gur thosaigh an scoil amach le tríocha-ceathair dalta ar dtús. D'éirigh leo suíomh a fháil ‘*in the heart of working-class Artane*.’ Faoi 1976, bhí 242 dalta agus ochtar múinteoir; na múinteoirí uilig ina gcainteoirí dúchais ón nGaeltacht. Mhínigh Ó Fathaigh leis an *Indo*:

*I believe something concrete is happening. The existence of this school reflects a desire among people in society, and in no way is it an imposition upon them. I believe that is healthy. As long as people are prepared to make long journeys coming to a school like this then there is more than hope.*²⁷¹

Cothrom an ama chéanna, thagair tuairisc dár teideal ‘*Bilingual children are brighter*’ san *Irish Independent* in 1976 do bhuntáistí an dátheangachas. Luadh taighde Piaget agus Froebel a d’áitigh go raibh sealbhú an dara teanga ‘*educationally retrograde*.’ Ach, rinneadh tagairt do staidéar úr a rinne Noble agus Dalton ó Roinn na Síceolaíochta i gColáiste na Tríonóide a léirigh ‘*that bi-lingualism develops more fully the total personality*.’²⁷² I réimse an reiligiúin agus an ghaoil a bhí ag tuismitheoirí leis an Eaglais Caitliceach, bhí cursaí tar éis claochlú chomh maith, dár le *Combar*. Tuairiscíodh ar an iris go raibh suirbhéanna curtha thart ar Bhaile Átha Cliath ag cur na ceiste ar chóir do na heaglaisí ról tábhachtach a bheith acu sa chóras. ‘Tá glún úr tuismitheoirí ann anois,’ a shíl eagarthóirí na hirise, ‘nach bhfuil sásta glacadh le húdarás eaglaise ar an gcóras oideachais a dhéanfaidh freastal ar a gclann.’²⁷³

Agus a mbunús ag cur fúthu san ardchathair, chuaigh CNSLG i mbun gnímh sa Ghaeltacht. D’eagraigh Tomás Mac Gabhann, Rúnaí CNSG, agus Seán Ó hAodha, ball den Choiste Riartha, réamhchruinniú eagrúchán in Óstán na Ceathrún Rua, ar an 23 Eanáir 1976. Aithníodh go raibh fadhbanna ar leith ag an nGaeltacht. Bhí sé deacair múinteoirí oilte a mhealladh chun na Gaeltachta, bhí daoine gan Ghaeilge ar

271 *Irish Independent*, an 7 Eanáir 1976.

272 *Ibid.*

273 *Combar*, Aibreán 1976, 3–4.

bhoird bainistíochta na scoileanna, agus bhí easpa téacsleabhar ina crá croí chomh maith. Lena chois sin, bhí aigne na dtuismitheoirí, mar a tuairiscíodh ar *Inniu*, ‘dírithe ar phoist dá bpáistí lasmuigh di, agus mar sin tá siad ag iomaíocht leis an saol Béarla agus caithfidh Béarla maith a bheith acu.’ De bharr an phlé le linn an chruinnithe, ‘thángthas ar an tuairim nach bhfuil an gá le heagrúchán i measc tuismitheoirí, múinteoirí, príomhoidí, agus boird bainistíochta tuigte fós, agus mar sin moladh seimineár ar an ábhar seo a eagrú i gConamara agus lá saoire a iarraidh ar an Roinn Oideachais do na múinteoirí a d’fhreastalódh air.’²⁷⁴ Tá an méid sin i gcontrárthacht le fianaise eile ó Ghaeltacht Thír Chonaill in 1973 nuair a bhí caint ar ‘*movement*,’ mar a thuairisc an *Donegal News*, chun tabhairt faoi cheist na scolaíochta lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht.²⁷⁵

I mBaile Átha Cliath, bhí na scoileanna lán-Ghaeilge a bunaíodh tar éis spreagadh a thabhairt do dhreamanna áitiúla eile sa chontae tabhairt faoi iarrachtaí den saghas céanna. Faoi lár na 1970í, bhí tuismitheoirí i dTamhlacht ag smaíneamh ar scoil a bhunú.²⁷⁶ Labhair Jim Dalton, a bhí mar chuid de choiste tuismitheoirí ar theastaigh uathu Gaelscoil a bhunú ar an Sord, leis an *Evening Herald* i Nollaig na bliana 1976. Mhínigh sé go raibh cruinniú poiblí acu siúd a bhí ina bhfábhar ar dtús, agus ansin chuaigh siad i mbun stocaireachta ar pholaiteoirí áitiúla agus suíomh a lorg. Bhí tacaíocht acu ó chomhairle phobail an bhaile. Ba léir ón méid a dúirt ball eile den choiste, Seán Mac Domhnaill, gur glacadh inspioráid ó Bhaile Munna. ‘*There is a precedent for what we are doing. It was done in Ballymun where a group of parents like ourselves got together and set up an all-Irish school and got recognition from the Dept.*’²⁷⁷ Toradh eile ar an bhfeachtasaíocht ab ea an cumhachtú a rinneadh ar an lucht bunaithe. Ba léir gur bhronn an streachailt i mBaile Munna ardú meanman ar go leor a bhí páirteach ann. Ag cruinniú agóide mar gheall ar staid na Gaeilge i dTeach an Ardmhéara ag tús na bliana 1975 labhair máthair as Baile Munna ar an ardán. ‘Ba bhinn leis an lucht éisteachta í a chloisint’ a dúirt *Comhar*. D’impigh sí ‘ar na heagrais Ghaeilge dul amach agus labhairt le “gnáthmhuintir na hÉireann” cosúil le muintir Bhaile

274 *Inniu*, an 13 Feabhra 1976, 4.

275 *Donegal News*, an 21 Iúil 1973.

276 *Irish Press*, an 5 Eanáir 1975.

277 *Evening Herald*, an 9 Nollaig 1976.

Munna.²⁷⁸ Mar a mhaíonn Ó Croidheáin faoi Scoil an tSeachtar Laoch, agus pobail eile Gaeilge agus Gaeltachta a bhí ag feachtasaíocht ar son a gceart le linn an fichiú haois, ‘*the process of struggle is transformational and therefore strengthens the community in their resolve to achieve their aims.*’²⁷⁹

Ainneoin an bhorrtha nua seo bhí titim sna figiúir arís do na scoileanna lán-Ghaeilge sa chóras i gcoitinne. Sa Ghaeltacht idir 1974–1975 agus 1975–76, thit líon na scoileanna a raibh gach ábhar á mhúineadh trí Ghaeilge ó 158 go 153. San iar-Ghaeltacht, nó ‘lasmuigh den Ghaeltacht’ mar a bhí an Roinn ag glaoch air anois seachas ‘Galltacht’ roimhe seo, thit líon na scoileanna siar arís ó 26 go 20; bhí titim i líon na ndaltaí chomh maith ó 3,251 go 2,818.²⁸⁰ Fad a bhí seo ag dul ar aghaidh, bhí CNSLG ag iarraidh a chur ina luí ar an Roinn Oideachais gur chóir go mbunófaí údarás ar leith laistigh den Roinn a mbeadh ‘ag plé go speisialta le scolaíocht trí Ghaeilge.’ Chuirfeadh an t-údarás comhairle ar thuismitheoirí faoin gcaoi le scoileanna Gaeilge a bhunú agus ceadófaí deontais tríd an údarás do chóiríocht na scoileanna.²⁸¹ Níor bhfuair siad cluas éisteachta don phlean sin riamh.

Mar bharr ar an donas d’fhógair an rialtas go ngearrfar £75,000 de dheontais chuig scoileanna lán-Ghaeilge i Nollaig 1976. Lorg CNSLG, a bhí tar éis teideal na heagraíochta a athrú go Gaelscoileanna i gcaitheamh na bliana, cruinniú práinneach leis an Aire Oideachais, Peter Barry. Dúirt Gaelscoileanna go mbeadh ar cheithre scoil a ndoirse a dhruidim de bharr na gciorraíthe. Mhínigh Tomás Mac Gabhann, Rúnaí Gaelscoileanna, go raibh dhá scoil ar an gcósta thiar agus dhá scoil i mBaile Átha Cliath a bhí thíos leis ó thaobh cúrsaí airgid cheana agus go mbeadh orthu dúnadh nó iompú ar an mBéarla de bharr an chinnidh. Gealladh £110,000 do na scoileanna Gaeilge, ach níor tugadh ach thart ar an tríú cuid de sin, £35,000, i riamh, a dúirt Mac Gabhann. Rinne Éilís Bean Uí Riain, iar-Chathaoirleach ar CNSLG, cáineadh géar ar an rialtas chomh maith.²⁸²

Tar éis an bhorrtha luaith, d’iompaigh leithéidí an *Irish Indepen-*

278 *Combar*, Feabhra 1975, 3.

279 Ó Croidheáin, *Language From Below*, 26.

280 *An Roinn Oideachais: tuarascáil staitistiúil*, 1974/75–1975/76, 31.

281 Meamram de chuid Chomhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Gaeilge, 1973.

282 *Irish Independent*, an 16 Nollaig 1976.

dent, a bhí ag trácht ar na scoileanna lán-Ghaeilge mar ábhar iontais go dtí sin, i gcoinne na gluaiseachta. I dtreo dheireadh na bliana 1976 rinne alt de chuid John Walshe, comhfhreagraí oideachais leis an nuachtán, iarracht na ciorraithe a bhí le teacht i bhfeidhm ar na scoileanna lán-Ghaeilge a chuir le hais ardú i soláthar do pháistí míchumasaícha. *‘Grants for special schools catering for handicapped children were announced last night by the Department of Education, but Irish language schools are angry over a £75,000 cutbacks in their grants this year.’*²⁸³ Is cosúil gur theastaigh uaidh Walshe cuma neamhréasúnach a chur orthu siúd a bhí ar son scoileanna lán-Ghaeilge—cleas a d’úsáidtí ar bhonn rialta as sin amach ag naimhde na gluaiseachta.

283 *Irish Independent*, 16 Nollaig 1976.

CONCLÚID NA RANNÓIGE

IDIR NA BLIANTA 1969–76, d'éirigh le gluaiseacht na Gaelscolaíochta ar fud an oileáin ocht scoil nua a oscailt: Scoil Neasáin (1969), Bunscoil Phobal Feirste (1971), Scoil Iognáid (1971), Scoil Moibhí (1972), Scoil an tSeachtar Laoch (1973), Scoil Naithí (1973), Scoil Chrónáin (1975) agus Scoil Oilibhéir (1975). D'éirigh leis an ngluaiseacht cóiríocht cheart a fháil do scoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge eile, cur i gcás na scoileanna lán-Ghaeilge ar Shráid Maoilbhríde agus Scoil Chaitríona. Sa Ghaeltacht, cuireadh troid rathúil ar bun chun Scoil Dhún Chaoin a choimeád ar oscailt agus fuarthas gealltanais ón rialtas go n-osclofaí iar-bhunscoil lán-Ghaeilge sna Rossa. Ba ón mbun aníos a d'éirigh na cathanna seo in airde. Bhunaigh tuismitheoirí coistí bunaithe agus coistí feachtasaíochta neamhspleácha ina gceantair féin chun a gcuid spriocanna a bhaint amach. D'fheidhmigh na cathanna áitiúla a troideadh mar lóchrann do na gníomhaithe a bhí ag feidhmiú ag an leibhéal náisiúnta—agus cuid mhaith den am ba iad na daoine céanna iad—chun neart a chur faoi iarrachtaí eagraíocht náisiúnta a bhunú. B'shin a tharla go luath sna 1970í le Comhdháil na Scoileanna na Gaelacha agus CNSLG, a bhí cónasctha le chéile faoi 1974 agus a d'athraigh a n-ainm go Gaelscoileanna in 1976.

Ní hamháin gur chuir na scoileanna lán-Ghaeilge áitiúla dlús leis an ngluaiseacht náisiúnta, bhí tionchar ag forbairt scoileanna áirithe ar chruth idé-eolaíochta na gluaiseachta ag an leibhéal náisiúnta. Níl aon dabht ach go raibh tionchar ag an méid a thit amach thart ar Scoil Dhún Chaoin, agus feachtais Ghaelscolaíochta eile sa Ghaeltacht, ar lucht na Gaelscolaíochta trí chéile. Baineadh spreagadh as agus bheadh cás na scolaíochta sa Ghaeltacht ar chlár oibre na gluaiseachta ar bhonn náisiúnta as sin go dtí lár na 1980í. I dtaca leis an iar-Ghaeltacht, b'iarrachtaí meánaicmeacha deisceartacha iad bunú Scoil Lorcáin in 1952 agus Scoil Neasáin in 1969. Éachtaí iontu féin a bhí iontu, gan aon agó. Mar sin féin, is furasta a shamhlú, gan teacht chun cinn leithéidí Scoil an tSeachtar Laoch agus Bhunscoil Phobal Feirste—dhá scoil i gceantair lucht oibre agus ceann díobh sna Sé Chontae—go mbeadh comhdhéanamh éagsúil ar an bhfás ar líonra na scoileanna lán-Ghaeilge a thiofadh ar ball.

Insíonn an bhearna idir bunú Scoil Lorcáin in 1952 agus bunú

Scoil Neasáin in 1969 rud éigin tábhachtach dúinn faoi na struchtúir socheacnamaíochta agus sean-insitíúidí Eaglasta ar gá dóibh claoc-hlú ar dtús chun go gcruthófaí an spás ina bhféadfadh gluaiseacht na Gaelscolaíochta fás ann. Chuaigh mórfhictiúr an domhandaíthe i bhfeidhm ar stát na Sé Chontae Fíchead ar thrí bhealach mar a bhaineann sé le fás na Gaelscolaíochta. Ar an gcéad dul síos, bhí níos mó daoine sa stát ná mar a bhí sna 1960í agus iad ina gcónaí i gceantair bhrúachbhailteacha. Sa mhullach air sin, bhí an stát ag cúlú ó fhís na hathbheochana chun tuilleadh spáis a chruthú d'fhás an gheilleagair dhomhanda Angla-Mheiriceánaigh. Agus, ar deireadh, spreag na athraithe seo ceisteanna i ngeall ar an Éireannachas i measc gnáthdhaoine. Dá bhrí sin, ba chomhghuaillíocht í gluaiseacht na Gaelscolaíochta sna blianta seo, 1969–76, idir na gníomhairí Gaelscolaíochta seanbhunaithe (a raibh fealsúnachtaí láidre díchoilínithe, náisiúnacha, cultúrtha agus daonlathacha acu, agus a bhí nasctha cuid den am le Conradh na Gaeilge) agus tuismitheoirí ar theastaigh oideachas maith uathu dá bpáistí agus a bhí cion acu ar an nGaeilge mar shiombail thábhachtach den Éireannachas. Tá Mac Síomóin tar éis trácht ar na laincisí a chruthaíonn an siombalachas seo do dhul chun cinn na teanga.²⁸⁴ Agus na deacrachtaí a bhí ag lucht na Gaelscolaíochta an teanga a leathnú amach lasmuigh de gheataí na scoile le linn na tréimhse seo á thabhairt san áireamh, tá sé deacair easaontú leis an Síomóineach. D'éirigh níos fearr leis na hiarrachtaí sin sna Sé Chontae, i mBéal Feirste, áit ar bunaíodh an pobal ar dtús ar bhonn radacach frithbheartaíochta a d'fhorbair i gcomhthéacs freasúrach i leith an stáit.

Tá sé deacair cur in aghaidh na Roinne Oideachais sna Sé Chontae Fíchead a mheas go cruinn nuair nach gcuirtear a gcomhaid inmheánaícha ar fáil do lucht taighde. Agus leas á bhaint as cuntais béil na gníomhairí agus corrrthagairt státseirbhíseach nó polaiteora, mar aon leis an bpolasaí a bhí ag an Roinn 'go gcruthófaí éileamh' do na scoileanna lán-Ghaeilge ar dtús, ba léir nach raibh an Roinn sásta freastal ar bhealach daonlathach ar mhianta phobal na Gaeilge agus iad siúd a bhí báuil don teanga, beag beann ar státseirbhíseach nó dhó a bhí ar thaobh na cúise. Áitíonn Ó Giollagáin agus Péterváry gur oidhreacht choilíneach í an easpa daonlathas agus 'easpa cumais an stáit dochar an díshealbhaíthe choilínigh a chur ar ceal nó a imeallú.' Is stát nu-

284 Mac Síomóin, *The Broken Harp*, 64–67.

achoilíneach é stát na Sé Chontae Fíchead agus tá sin le brath i gcultúr riaracháin an stáit. ‘Faightear léiriú ar an dearcadh (nuachoilíneach) go minic nuair a éilíonn na Gaeil beartais ón Stát atá níos uailmhianaí ná cearta siombalach,’ dar leis na húdair.²⁸⁵ Dár ndóigh, caithfear an ghné nuachoilíneach seo a mheas taobh le teacht chun cinn pholasaithe an chuíchóirithe (nó an nualibrálachais mar a thabharfaí air ar ball) a tagraíodh dóibh i mbarr na rannóige agus a scaipeadh ar fud an domhain ar ball le linn réimeas Ronald Reagan i SAM agus Margaret Thatcher sa Ríocht Aontaithe.

Pé acu a bhí chun cinn in aigne lucht na cumhachta i Roinn Oideachais na Sé Chontae Fíchead, d’éirigh le lucht na Gaelscolaíochta gluaiseacht a chur ar an bhfód idir 1969–76 a bhrú ar ais i gcoinne na bhfórsaí agus an dearcadh nuachoilínithe, mhídhaonlathaigh agus nualibrálach sin, trí streachailt ar son córas scolaíochta a bhí mar chuid de phróiseas díchoilínithe daonlathach agus a d’éiligh an maoiniú a bhí ag dul dó. Cé gur tarraingíodh ar thobar idé-eolaíochta agus líonraí seanbhunaithe, cuireadh an athbheochan in oiriúint don domhan comhaimseartha. Ach, mar a léirigh cinneadh an Aire Oideachais Peter Barry, agus an nimh san fheoil a bhí le sonrú i measc roinnt iriseoirí agus daoine eile faoi 1976, bhí an lasair sa bharrach agus bheadh ar an troid leanúint ar aghaidh. Ní fhéadfaí talamh slán a dhéanamh de go n-éireodh leis an ngluaiseacht leanúint léi ag fás isteach sna 1980í. D’fhéadfadh stát na Sé Chontae Fíchead na buanna a baineadh a chaitheamh i dtraipisí mar a bhí tarlaithe cheana go minic. Sna Sé Chontae, cé go mbeadh fás leanúnach ar na huimhreacha i mBunscoil Phobail Feirste i dtreo deireadh na 1970í, de bharr naimhdeas an stáit choilínigh ansin bheadh scaipeadh na scoileanna lán-Ghaeilge sa dlínse níos moille ná mar a bheadh ó dheas.

285 Ó Giollagáin agus Péterváry, “An Pobal Gaelach agus an Stát Éireannach,” 36–37.



RANNÓG 2

BORRADH NA GAELSCOLAÍOCHTA I RITH BHLIANTA AN CHÚLAITHE EACNAMAÍOCHTA, 1977–1984

GAELSCOILEANNA AGUS GAECHOLÁISTÍ A BUNAÍODH I RITH NA TRÉIMHSE SEO:

GAELSCOIL INSE CHÓR, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1977
SCOIL CHUALANN, BRÉ, CO. CHILL MHANTÁIN	1977
GAELSCOIL MHC EASMAINN, CO. CHIARRAÍ	1978
SCOIL SANTAIN, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1979
SCOIL CHEARBHAILL UÍ DHÁLAIGH, CO. CHILL DARA	1979
GAELSCOIL ÉANNA, AN UAIMH, CO. NA MÍ	1980
GAELSCOIL NA CILLE, CILL DHÉAGLÁIN, CO. NA MÍ	1981
GAELSCOIL MÍDE, DOMHNACH MÍDE, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1981
SCOIL IOSEF NAOFA, CO. AN CHLÁIR	1981
GAELSCOIL DHÚN DEALGAN, CO. LÚ	1981
COLÁISTE CHILLIAIN, CLUAIN DOLCÁIN, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1981
SCOIL AONGHUSA, DROICHEAD ÁTHA, CO. LÚ.	1981
GAELSCOIL EOGHAIN UÍ THUAIRISC, CEATHARLACH	1982
SCOIL GHARBHÁIN, DÚN GARBHÁN, CO. PHORT LÁIRGE	1982
BUNSCOIL CHOLMCILLE, CO. DHOIRE	1983
BUNSCOIL AN IÚIR, CO. AN DÚIN	1983
SCOIL CHAOIMHÍN, SRÁID MHAOILBHRÍDE, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1983

GAELSCOIL MHÍCHÍL CÍOSÓG, CO. AN CHLÁIR	1983
SCOIL RAIFTEIRÍ, CO. MHAIGH EO	1983
GAELSCOIL CHORÁIN, ECHAILL, CO. CHORCAÍ	1983
GAELSCOIL UÍ RIORDÁIN, CO. CHORCAÍ	1983
GAELSCOIL UÍ RIADA, CO. CHORCAÍ	1984
GAELSCOIL OSRAÍ, CO. CHILL CHAINNIGH	1984
GAELSCOIL DE HÍDE, MAINISTIR FHEAR MAÍ, CO. CHORCAÍ	1984
GAELSCOIL CHLUAIN DOLCÁIN, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1984
GAELSCOIL DHONNCHA RUA, CO. AN CHLÁIR	1984
GAELSCOIL DARA, CO. NA GAILLIMHE	1984
SCOIL ROIS, CO. MHUINEACHÁIN	1984
GAELSCOIL PHORT LÁIRGE, CO. PHORT LÁIRGE	1984

THÁINIG BORRADH SUNTASACH ar an nGaelscolaíocht sna Sé Chontae Fichead i rith na mblianta 1977-84. Thit an fás seo amach i gcomhthéacs fíoscach nach raibh fabhrach. D'ardaigh fiacha stáit ó £297 milliúin in 1979 go £1,089 milliúin in 1980. Bhí easnamh 2.4 faoin gcéad den Olltáirgeacht Náisiúnta i gcomhardú na n-íocaíochtaí in 1978 agus phreab sé seo go 10.1 faoin gcéad in 1979. I dtuairim Lee, *'the fundamental economic problem, exacerbated by policy misjudgements from the beginning of the seventies, now hung like a millstone around the national purse.'*¹ Lean daonra an stáit ag fás i rith an ama seo ainneoin na ndeacrachtaí sa gheilleagar, rud a chiallaigh go raibh níos mó daoine óga ann ná mar a bhí poist. De réir meastacháin bhí 20 faoin gcéad den daonra dífhostaithe.² Mar is cuimhin le Róisín Ní Bhriain, a bhí ina dalta i gColáiste Chilliaín sna 1980í, 'bhí an-chuid dífhostaíochta ann agus bhí an-chuid cainte bhí faoi *dole queues*... Bhí na blianta sin crua... cinnte bhí an-chuid daoine a d'fhág an scoil agus a d'fhág an tír toisc cúrsaí eacnamaíochta.'³ Fiú ina measc iad siúd a bhí fostaithe, bhí na 1980í dian dár le Colm Ó Dúlacháin, eagraí náisiúnta/príomhfheidhmeannach Gaelscoileanna ó 1981 go 1987; 'teaghlaigh óga a bhí ag ceannach tithe ag an am sin bhí siad ag díol morgaistí agus rátaí 18% orthu. Ba é an *new*

1 Lee, *Ireland, 1912-1985: Politics and Society*, 500.

2 Whyte, 'Ireland, 1966-82,' 297-8.

3 Agallamh.

poor mar a tugadh orthu ag an am sin na daoine a bhí ag ceannach agus ag déanamh infheistiú. Ní raibh siadsan ag dul a bheith i ngalfchumann nó ag gabháil timpeall i *yachts* nó a leithéidí. Bhí siad ag iarraidh fanacht beo os cionn leibhéal an uisce.⁴ Aontaíonn an staraí Alvin Jackson faoi dheacrachtaí na haicme sin; ‘*the middle classes suffered, especially those who were taxed at source.*’⁵ Bhí go leor den aicme seo ag lonnú sna bruachbhailte go fóill agus spreagadh iad chun gnímh ar son na Gaeilge agus na Gaelscolaíochta de bharr na heaspa seirbhísí sna heastáit nua. Nuair a bhuaigh Baile an Easpaig comórtas Glór na nGael i dtreo deireadh na bliana 1984, mar shampla, dúradh san *Evening Echo* gur ‘*relatively new suburb*’ a bhí ann agus nach raibh baint ach le beirt nó triúr ar an gcoiste a bhuaigh an gradam leis an nGaeilge roimhe sin.⁶ Ba thréimhse é seo ina raibh cúrsaí cultúrtha agus morálta ag athrú, diaidh ar ndiaidh. Cé gur léiríodh dílseacht na milliún duine i leith an Chaitliceachais nuair a thug an Pápa Eoin Pól II cuairt ar Pháirc an Fhionnuisce in 1979, áitíonn Whyte, ‘*the Irish value-system was becoming fragmented: part remaining traditionally Catholic, part influenced by ideas coming in from Britain, America and the Continent.*’⁷ Léiriú amháin air seo ab ea an chonspóid mar gheall ar chúrsaí frithghiniúna le linn na 1970í. ‘*The controversy over contraception was but the first and most public expression of a liberal/conservative political division appearing within the electorate,*’ arsa Brian Girvin. ‘*What was once a homogeneous society on sexual and moral matters was now becoming polarised on these very issues.*’⁸ Bíodh is nach bhféadfaí liobrálach a ghlaoch ar gach gníomhaí Gaelscolaíochta nó tuismitheoir Gaelscoile an tráth seo bheadh lorg na n-athruithe cultúrtha seo le sonrú, sa mhéid is gur lorgaíodh rogha scolaíochta nár bhain le moráltacht na hEaglaise Caitlicí, i mbunú Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí sna 1980í.

Agus cúrsaí geilleagrach suaite go maith, imríodh tionchar ar chúrsaí polaitíochta sna Sé Chontae Fichead. Dar le Jackson, ‘*there is—at the very least—a coincidence between the economic crises of the Irish state in the 1970s*

4 Agallamh; Jackson, *Ireland: 1798-1998, War, Peace and Beyond*, 376.

5 *Ibid.*, 376.

6 *Evening Echo*, 12 Deireadh, Fómhair 1984.

7 Whyte, ‘Ireland, 1966-82,’ 298.

8 Brian Girvin, ‘Contraception, Moral Panic and Social Change in Ireland, 1969–79,’ *Irish Political Studies* 23, uimh. 4 (2008), 572.

and 1980s and a degree of political destabilization.⁹ Ba é Fianna Fáil an páirtí a bhí i réim don tréimhse iomlán beagnach ó bunaíodh an stát in 1922 go dtí gur toghadh comhrialtas d'Fhine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre in 1973. Cuid den chúis ar bualadh rialtas Liam Cosgrave ag olltoghchán 1977 agus gur tháinig Jack Lynch, Fianna Fáil, i gcomharba air mar thaoiseach ná drochstaid an gheilleagair.¹⁰ Nuair a tháinig Charles Haughey i réim i bhFianna Fáil in 1979 agus é ina thaoiseach ba ghearr gur dhein sé a ráiteas mícháiliúil in Eanáir na bliana 1980 a d'argóin go raibh pobal an stáit '*living away beyond our means*.'¹¹ Níor mhair dearfacht an phobail i leith Fhianna Fáil agus an gheallúint go méadófaí ar an gcaiteachas poiblí agus toghadh Garret Fitzgerald, Fine Gael, mar thaoiseach in 1981 agus é i gceannas ar chomhrialtas eile le Páirtí an Lucht Oibre—rialtas nár mhair ach idir Meitheamh 1981 agus Eanáir 1982 de bharr deacrachtaí teacht ar réiteach faoi bhuiséid lán ciorruithe.¹² In Eanáir 1982 tháinig Fianna Fáil i gcumhacht arís faoi cheannas Charles Haughey, ach níor mhair an rialtas sin ach go dtí mí na Samhna sular tháinig Fitzgerald agus Fine Gael ar ais isteach idir 1982 agus 1987.¹³ Cuireadh meon agus polasaithe na déine i bhfeidhm tríd an státseirbhís ina dhiaidh sin beag beann ar athruithe rialtais. Sampla amháin de seo mar a bhain sé leis an nGaeilge ná na ciorruithe a cuireadh i bhfeidhm ar na Coláistí Oiliúna. In Earrach na bliana 1983 d'fhógair rialtas Fhine Gael-Lucht Oibre go mbainfí £1,000,000 de dheontas na gColáistí Oideachais. B'ionann é seo agus ciorrú 16% ar bhuiséid na gcoláistí. Ciorrú suarach a bhí i gceist, óir bhí an gearradh siar as cuimse leis an gcaiteachas £201,000,000 a caitheadh ar an mbunscolaíocht sa stát ina iomláine. Chreid Fiachra Ó Marcaigh, agus é ag scríobh ar *Combar*, go mbeadh impleachtaí tromchúiseacha aige seo ar chaighdeán Gaeilge na múinteoirí. 'An gcuimhneofar ar 1983,' a dúirt sé, 'mar an bhliain inar thosaigh Rialtas Fine-Gaelach ag táirgeadh bunmhúinteoirí gan focal Gaeilge?'¹⁴

9 Jackson, *Ireland: 1798-1998, War, Peace and Beyond*, 375.

10 *Ibid.*, 375-76.

11 Lee, *Ireland, 1912-1985: Politics and Society*, 501.

12 Jackson, *Ireland: 1798-1998, War, Peace and Beyond*, 375-76.

13 Richard M. Scammon, 'International Election Notes,' *World Affairs* 145, uimh. 4 (1983), 385.

14 *Combar*, Iml. 42, uimh 4, Aibreán, 1983, 4-5.

Cé go raibh an stát meáite ar chiorruithe a chur i bhfeidhm ar an bpobal agus go raibh rátaí dífhostaíochta arda, agus an mheánaicme fiú ar an ngannchuid, d'éirigh le gluaiseacht na Gaelscolaíochta fás i rith na tréimhse seo. Is cuimhin le hÓ Dúlacháin gur tháinig beirt isteach in oifig Gaelscoileanna lá amháin agus bhí duine amháin acu, ar a laghad, dífhostaithe:

Tharla sé go raibh siad sa phub an oíche roimh ré agus bhí siad tar éis aithne a chuir ar a chéile. Seo i gCill Dhéagláin agus tharla go bhfuair siad amach gur theastaigh ón mbeirt acu a bpáistí a chur chuig Gaelscoil agus Baile Munna an ceann ba ghaire, nó Glas Naíon, nó b'fhéidir an Uaimh. Agus níl a fhios agam an de bharr pionta nó dhó ach ag an deireadh do roghnaigh siad go mbeadh siad ag cur a bpáistí go Gaelscoil agus go mbeadh an Ghaelscoil i gCill Dhéagláin agus tháinig siad isteach agus d'iarr siad orm “cad atá tú chun a dhéanamh faoi?” Agus seans ag an am sin ainneoin na ndeacrachtaí—an dífhostaíocht agus rudaí mar sin—go raibh am ag daoine. Ag glacadh leis nárbh ionann dífhostaíocht agus easpa meanmna, easpa spioraid.¹⁵

Sáinn pholaitiúil a bhí ann sna Sé Chontae i rith na tréimhse 1977-1984. Ní ghéillfeadh aontachtaithe do mholtaí stát na Breataine cumhacht a roinnt le náisiúnaithe ar fhaitíos go lagófaí an stát a gheall móraimh dóibh. Ar an lámh eile, lean an IRA leis an bhfeachtas míleata acu.¹⁶ Tharla dul chun cinn tábhachtach i gCásanna agus i mBloic H na Ceise Fada sna blianta seo chomh maith. Mar a rianaíonn Mac Ionnrachtaigh, reáchtáladh ranganna Gaeilge i gcodanna éagsúla den phríosún le linn na tréimhse seo áit a raibh an teanga fite fuaite leis an streachailt níos leithne díchoilínithe.¹⁷ Bheadh tionchar nach beag ag an dul chun cinn a rinneadh i measc poblachtach faoi choinneáil ar athbheochan na Gaeilge sna Sé Chontae nuair a scaoileadh saor iad ina dhiaidh sin.¹⁸ In 1981 fuair deichniúr óglach de chuid an IRA bás ar stailc ocrais, rud a spreag feachtas tacaíochta ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin mar aon le buanna toghchánaíochta sna Sé Chontae agus Sé Chontae Fichead do Shinn Féin.¹⁹

I dtéarmaí an gheilleagair sna Sé Chontae, bhí tionchar nach beag

15 Agallamh.

16 Whyte, 'Ireland, 1966-82,' 295.

17 Mac Ionnrachtaigh, *Language, Resistance and Revival*, 113-155.

18 *Ibid.*, 156-188.

19 Whyte, 'Ireland, 1966-82,' 295. / Ross: 2011 *passim*

ar mharbhántacht eacnamaíoch na Ríochta Aontaithe trí chéile sna 1970í ar an stát ó thuaidh nuair a d'fhás drogall Westminster ceantair bochta a mhaoiniú. Chuaigh an cogadh sna Sé Chontae i bhfeidhm ar an ngeilleagar tríd an infheistíocht isteach ann a mhaolú chomh maith. Áitíonn Whyte gur tharla ‘*de-industrialisation*’ ar na Sé Chontae an tráth seo, áit ar thit líon na n-oibrithe a bhí ag obair san earnáil déantúsaíochta ó 32 faoin gcéad go 23 faoin gcéad idir 1970 agus 1980. Ag an am céanna d'fhás earnáil na seirbhísí, rud a thug tuilleadh deiseanna do Chaitlicigh a raibh oideachas orthu poist a fháil. Mar sin féin, tríd is tríd, bhí Protastúnaigh fós níos saibhre ná Caitlicigh.²⁰ Cé go raibh polasaithe agus cosaintí ‘*in relation to the allocation of jobs which matched or bettered the best practices globally*’ sna Sé Chontae faoi 1980, mar a léiríonn Rollston agus McVeigh, bhí fadhbanna níos doimhne ann i gcónaí. I dtéarmaí an infheistithe idirnáisiúnta bhí smacht ag bainisteoirí áitiúla seicteacha ar cheann scríbe an airgid, rud a chinntigh ‘*the continuation of the sectarian status quo*.’ Ní go dtí 1984 nuair a tháinig na McBride Principles—clár oibre a bhí bunaithe ar bhagcat infheistíochta ar an Aifric Theas de bharr an chórais Apartheid—ar an bhfód a d’fheabhsaigh cúrsaí combhionannais i dtéarmaí infheistíocht Mheiriceánach sna Sé Chontae.²¹ Fiú agus an dul chun cinn sin déanta, tá Rollston agus McVeigh diongbháilte ag maíomh nár athraigh aon rud le linn na tréimhse seo i ndáiríre:

*the legacies of centuries of colonialism and conquest were embedded in material reality—such as the distribution of land, the distribution of wealth and power, the make-up of the skilled engineering sector, the geographical segmentation of the population, the policies and structures in relation to everything from the nature of the education system to the planning decisions regarding new roads, new towns and new universities. It was on and through this material reality that sectarian attitudes were built.*²²

Agus gach rud san áireamh, bhí cos ar bolg go fóill ar náisiúnaithe na Sé Chontae agus, cé go raibh ardú ag teacht ar líon na ndaltaí i bPo-balscoil Feirste i rith an ama, bheadh tionchar ag an leithcheal seo ar scéal na Gaelscolaíochta sa stát le linn na mblianta seo.

20 Whyte, ‘Ireland, 1966-82,’ 296.

21 McVeigh agus Rolston, *Anois ar Theacht an tSamhraidh*, 243.

22 *Ibid.*, 244.

CAIBIDIL 1:

IDÉ-EOLAÍOCHT AGUS COMHDHÉANAMH NA
GLUAISEACHTA, 1977-84

BHÍ TRÉITHE AN NÁISIÚNACHAIS agus an phoblachtachais le brath go fóill in idé-eolaíocht lucht na Gaelscolaíochta i rith na tréimhse seo. Ag an leibhéal is airde den ghluaiseacht, in eagraíocht Gaelscoileanna, ba léir go raibh an meon seo i réim. I meamram a sheol Gaelscoileanna chuig an Aire Oideachais, Peter Barry TD, thart fá 1977, rinneadh tagairt do stair na Gaeilge i luathbhlianta an stáit. Dúradh go ndearnadh ‘Ailtirí sin an tSaorstáit íobairtí náisiúnta lena chearta a thabhairt do chultúr na tíre—d’anam na tíre—dár bhféiniúlacht’ (Meamram c.1977). Agus é ag cruinniú de chuid tuismitheoirí i mBaile na mBocht i gCorcaigh in 1983 thagair Pádraig Ó Cuanacháin, eagraí Gaelscoileanna i gCúige Mumhan ag an am, d’aidhm na heagraíochta. Theastaigh uaidh Gaelscoileanna, ar sé, *‘to bring about a situation where Irish medium education would be freely available on both sides of the border to all Irish children irrespective of religion or politics.’*²³ Ag an leibhéal níos áitiúla, áit a raibh leithéidí Phroinnsias Uí Ailín i mbun gnímh i gCluain Dolcáin, is cuimhin leis gur spreag atmaisféar frith-Ghaelach na 1940í agus na 1950í é dul i mbun gnímh sna 1970í agus sna 1980í. An meon a bhí ann ‘ná gur dhream leisciúil, meisciúil (iad), agus an tsaoirse a bhaineamar amach, cad a bhí uaidh, dífhostaíocht, imírce...’ Bhí 11 sa teach—bhí an t-athair dírithe ar chothú na bpáistí, cé nach raibh sé in aghaidh na Gaeilge, ach thiocfadh aintín isteach sa teach agus dá mbeadh an nuacht i nGaeilge ar an teilifís deireadh sí *“turn off that bloody Irish, I can’t listen.”* Tugann sé creidiúint do na Bráithre Críostaí as é a chur ar bhóthair na Gaeilge agus dúirt sé gur léirigh siad iontais na bhfinscéalta, oileán na naomh is na n-ollamh, na taoisigh. B’fhuath leis an meon coilínithe, ‘Nár bh fhiú faic muid, nár éirigh linn aon rud a bhaint amach, nach raibh i ndán dúinn ach eisimírce.’²⁴ Tá an meon cineál céanna le sonrú i gcaint Airt Uí Shúilleabháin, duine de bhunaitheoirí Scoil Raifteirí ag tús na 1980í. Agus é ag caint faoi dhearcadh agus bá na dtuismitheoirí don Ghaeilge thagair sé d’fhís na scoile agus na gluaiseachta:

Athrú meon... tacaíocht don Ghaeilge, bá don Ghaeilge, dá mba rud é gur

23 *Evening Echo*, an 24 Nollaig 1983.

24 Agallamh.

chuala tú páiste á labhairt nach mbeadh tú ag magadh fúthu, go mbeadh tú bródúil astu agus tharla sé sin buíochas le Dia. Nuair a smaoiním orthu is rudaí simplí iad, ach ní rudaí simplí iad—rudaí fíor-thábhachtacha ó thaobh rudaí sóisialta a leithéid.²⁵

Nuair a ceistíodh Cathal Ó Luain, a bhunaigh Scoil Santain in 1979, faoi thábhacht na Gaeilge luaigh sé ‘an tábhacht a bhaineann leis mar chroílár an náisiúin. Ní dóigh liom go mairfidh muid beo mar náisiún mura mbíonn rath ar an nGaeilge agus go háirithe an Ghaeltacht.’²⁶ Bhí Breandán Mac Cormaic, a bhunaigh an scoil chéanna, ar aon intinn leis:

Ceapaim gurb í an Ghaeilge an comhartha náisiúnta is láidre atá againn, an rud is eisceachtúil ar fad. Agus ceapaim gur obair uasal é a bheith ag obair chun í a chur chun cinn agus í a chosaint. Mar a bhain sé lenár leanaí, mheasamar gur saibhreas pearsanta dochreidte é go mbeadh fáil [acu] ar theanga náisiúnta agus traidisiúnta na tíre seo—go dtugann sé diminsean breise do dhaoine... ar an [mbonn] sin, go bhfuil sé luachmhar.²⁷

Fiú nuair nár luadh an náisiún, bhí tuiscint folaithe ar an meas agus an díchoilíníú le brath i bhfocail na ngníomhaithe. Mar a dúirt Úna Ní Ghabhláin, duine de bhunaitheoirí Scoil Raifteirí, an fhís a bhí ann don scoil ná go mbeadh glúin úr de pháistí a mbeadh an Ghaeilge acu ‘agus gan náire í a labhairt.’ An chaoi ar tógadh ise, a dúirt sí, ná ‘le suim agus meas’ ar an teanga.²⁸

Bhí buairt ann go fóill faoin asamhlú cultúrtha. Agus é ag scríobh chuig *The Nationalist* i dtreo dheireadh na bliana 1983 dúirt Seán Ó Riain, ó Chuileann, Tiobraid Árann, go raibh sé suntasach ‘*that the first 12 Gaelscoileanna were set up in the Dublin area, and not all in middle class districts. This is precisely the area which has had access to all of the English tv channels over the past 20 years and where English daily newspapers often outsell Irish ones. Faced with mass Anglicisation, more and more parents instinctively turned to the only thing that could ensure the Irish identity of their children—the Irish language.*’²⁹ Cuireadh an téama seo in oiriúint do chúlú gillea-

25 Agallamh.

26 Agallamh.

27 Agallamh.

28 Agallamh.

29 *The Nationalist*, an 8 Deireadh Fómhair 1983; Féach ar litir Thaidhg Mhic Lochlainn sa *Connacht Tribune*, an 30 Meán Fómhair 1983, do shampla eile den bhuairet

grach na 1980í chomh maith. Scríobh fear darbh ainm Declan Hassett chuig an *Evening Echo* i mí Mheán Fómhair 1983 agus é ag maíomh gur casadh fear air a d'inis scéal dó faoi na rudaí a bhí mícheart leis an náisiún. Dúradh go raibh tuiscint ag an bhfear seo ar an dífhostaíocht agus coiriúlacht i dtéarmaí morálta. '*A nation which loses its confidence and respect would turn to the crutches of excess alcohol and drug taking for support*,' a scríobh Hassett. Thagair an fear anaithnid seo, a dúirt Hassett, don dul chun cinn a deineadh i mBaile Munna de bharr bhunú na Gaelscoile ann. Tar éis tamaill '*there was less "anglicised" atmosphere in that controversial suburban area*.' Rinneadh tagairt freisin do Bhaile an Chollaigh '*and the involvement of the local community, without secular or religious division*.' Cuireadh an cheist; '*is part of our problem that we are not identifiably Irish?*'³⁰ Thacaigh an *Kilkenny People* leis an smaointeoireacht sin nuair a áitíodh in 1984 gurb ann dóibh '*who feel that a more positive attitude towards our identity could generatate the national resolve needed to re-generate our country*.'³¹ An bhliain chéanna ag seimineár Gaelscolaíochta a réachtáladh i gCorcaigh dúirt Pádraig Ó Cuanacháin '*people do not seem to realise that the Irish language has tremendous economic potential at a time of recession*.'³²

Ba léir trátha an ama go raibh roinnt de lucht na Gaelscolaíochta níos báúla don Aontas Eorpach ná mar a bhí ag tús na 1970í. Faoi lár na 1980í, ní raibh drogall ar bith ar leithéidí Phádraig Uí Chuanacháin a bheith ag maíomh as buntaistí an Aontais Eorpaigh. Ag oscailt oifigiúil Ghaelscoil Phort Láirge in 1984 d'fhógair sé gur chóir stádas oifigiúil a lorg don Ghaeilge laistigh den Aontas. Bheadh poist in san aistriúchán agus sa riarachán ar fáil do dhaltáí a d'fhág na Gaelscoileanna de thoradh air sin, arsa Ó Cuanacháin.³³ Chuaigh Dónall Ó Riagáin, a bhunaigh Scoil Chrónáin, ag plé le cúrsaí an Aontais Eorpaigh ó lár na 1980í ar aghaidh. D'oibrigh sé ar chás na dteangacha neamhfhorleathana, bhuail sé le John Hume chun rún a réiteach ar son na dteangacha neamhfhorleathana agus chuaigh sé ag plé leis an gCairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha & Mionlaigh chomh maith.³⁴

faoin asamhlú cultúrtha.

30 *Evening Echo*, an 30 Meán Fómhair 1983.

31 *Kilkenny People*, an 20 Eanáir 1984.

32 *Irish Examiner*, an 27 Márta 1984.

33 *Irish Press*, an 23 Deireadh Fómhair 1984.

34 Agallamh.

Roinnt blianta roimhe sin, in 1981, bhí *Combar* tar éis fáiltiú roimh an mBille um Chearta do Theangacha Neamhfhorleathana san Eoraip. Bhí seans ann, dá nglacfaí leis an mbille, dár leo, ‘tarraingt amach an-seo ar acmhainní airgid an Chomhphobail do thionscadail oideachais agus chultúrtha.’ Bhí dioscúrsa an náisiúnachais agus na hathbheochana in adharca le fealsúnacht an Aontais Eorpaigh ar bhealach, óir ba thábhachtaí ‘go mór an fhorbairt réigiúnda ná caomhnú an náisiúin.’³⁵

Tháinig idé-eolaíocht na heolaíochta agus na taighde chun cinn sa ghluaiseacht ó thús na 1980í chomh maith. I ndiaidh do na Gaelscoileanna a bheith ar an bhfód ar feadh tamaill agus de réir mar a chonacthas buntáistí an dátheangachais agus an chórais Gaelscolaíochta, tosaíodh ar an mbuntáiste sin a dheimhniú mar chloch mhór ar phaidrín na nGaelscoileanna. Luadh freisin, nuair a bhí scoileanna á mbunú i gCeatharlach, Béal Átha na Sluaighe agus Tiobraid Árann, an spreagadh a tugadh do thuismitheoirí tabhairt faoin teanga a fhoghlaim nó athfhoghlaim agus an nasc idir an Ghaelscolaíocht agus torthaí maithe scrúdaithe na hArdteistiméireachta.³⁶ I mbileog a scaipeadh i gCeatharlach in 1981 agus feachtas ar bun chun Gaelscoil Cheatharlach a bhunú, leagadh béim ar bhuntáistí an dátheangachais agus an cóimheas níos fearr a bhí ann idir dhaltaí agus mhúinteoirí sna Gaelscoileanna ná sna scoileanna Béarla i dteannta rudaí eile.³⁷ Nuair a chuaigh Proinsias Ó hAilín ag stocaireacht i measc na dtuismitheoirí chun Coláiste Chillian a bhunú áitíonn sé go raibh air ‘creideamh’ a thabhairt dóibh. Rinneadh seo trí thaighde Lambert a chur in iúl a léirigh buntáistí na Fraincise i gCeanada. ‘Bhí mé in ann a mhíniú do na thuismitheoirí faoin rud dochreidte seo i Montréal,’ ar sé. ‘Go raibh thuismitheoirí (gur Béarlóirí iad) ag cur a bpáistí ag an dara leibhéal go dtí na scoileanna Francacha... agus gur chuir lucht teangeolaíochta an-suim sa rud a bhí ag tarlú.’ An toradh a bhí ar an taighde ná gur léiríodh go raibh buntáistí le foghlaim tríd an dara teanga fiú murar sin an mháthairtheanga. Ina theannta sin léiríodh don Roinn Oideachais

35 *Combar*, Deireadh Fómhair, 1981, 3-4.

36 *Nationalist and Leinster Times*, an 10 Iúil 1981; Dúradh an rud céanna arís ag cruinniú níos déanaí sa mbliain (*Nationalist and Leinster Times*, an 11 Nollaig 1981, agus i litreacha, mar shampla, *The Nationalist* (Tiobraid Árann), an 15 Deireadh Fómhair 1983; *Combar*, Eanáir, 1984, 12; *Connacht Tribune*, an 30 Meán Fómhair 1983.

37 *Nationalist and Leinster Times*, an 18 Nollaig 1981.

go bhféadfaí an beart a dhéanamh agus go raibh leithéidí Macnamara³⁸ agus an LFM mícheart. Dár le hÓ hAilín:

bhí an sórt port a bhí ag an LFM tar éis dul i bhfeidhm ar mheon na tíre, nó b'fhéidir go raibh sé tar éis imirt ar chuid de na hard-státseirbhísigh sa Roinn Oideachais pé scéal é—gur damáiste a bhí á dhéanamh ag an oideachas tríd an dara teanga agus ar ndóigh tá sé sin mícheart ar fad.³⁹

Ba chleachtas den sórt céanna a bhí ag Pádraig Mac Fhearghusa, duine de bhunaitheoirí Scoil Mhic Easmainn. Bhíodh sé de nós aige siúd dul isteach sa Siopa Leabhar ar Shráid Fhearchair i mBaile Átha Cliath féachaint faoi thaighde ar Cheanada, an Ghearmáin nó Iosrael chun tuismitheoirí a chuir ar a suaimhneas. Mar a mhíníonn Mac Fhearghusa agus é ag tabhairt chun cuimhne rud a dúirt Ó hAilín leis, thréig na tuismitheoirí an Ghaeilge sa naoú haois déag ar mhaithe leis na páistí agus ní chuirfeadh tuismitheoir ar bith a bpáistí chuig Gaelscoil chun bheith ar gcúl, ‘mar sin tá sé de dhualgas ort a mhíniú céard iad na buntáistí a baineann leis an scolaíocht tríd an dara teanga.’⁴⁰ Ag cruinniú a raibh Pádraig Ó Cuanacháin ina bhfeighil i gCluain Meala in 1983 luadh buntáistí an chóimheasa níos fearr sna Gaelscoileanna agus múinteoir breise iontu, go mbeadh 50% sa bhreis an pháiste sna deontais caipitíochta, agus go mbeadh saorthaisteal go dtí an Ghaelscoil is gaire.⁴¹ Ach ní hé sin le rá gur ligeadh na bunargóintí faoin gcultúr i ndearmad. Nuair a bhí pleanáil ar bun chun Gaelscoil a oscailt i gCill Chainnigh i dtreo dheireadh na bliana 1983, thagair tuairisc sa *Kilkenny People* do chruinniú a cagraíodh i dTeach Rothe sa bhaile a chuir roinnt de na buntáistí chun cinn. Ina theannta bhí:

-*An option for parents concerned about the future of the language,*

-*A choice for Irish speaking families,*

-*A chance to have your child fluent in Irish which is after all an important school subject.*⁴²

Ba í an chúis ba mhó a sheol tuismitheoirí áirithe a bpáistí chuig an nGaelscoil agus Gaelcholáiste ná de bharr cultúr éagsúil a bheith

38 Taighdeoir sa tsíceolaíocht a d’áitigh in 1966 go raibh drochthionchar ag an múineadh tríd an dara teanga ar shealbhú páistí ar an uimhríocht.

39 Agallamh.

40 Agallamh.

41 *The Nationalist*, an 8 Deireadh Fómhair 1983.

42 *Kilkenny People*, an 9 Nollaig 1983; Áitíodh an rud céanna i mBéal Átha na Sluaighe, *Connacht Tribune*, an 30 Meán Fómhair 1983.

sa scoil—cultúr nach raibh chomh righin—cé nár luadh sin san ábhar bolscaireachta. Mar a luann Róisín Ní Bhriain faoi chinneadh a máthar í a sheoladh go Coláiste Chilllainn:

Saghas thit sí isteach ann ar bhealach... bhí níos mó suime aici go mbeadh oideachas againn a bhí beagáinín neamhghnách is dócha. Ba chuma léi faoin acadúlacht, ar bhealach, ach bhí an-suim aici sa taobh cultúrtha agus mar sin de. Agus ní raibh sí sásta leis an scolaíocht mar a bhí ag an am. In sa mbunscoil ina raibh mé féin, an mheánscoil a bhí ceangailte [leis], [Sisters of Mercy i nDroichead an Órga] ní raibh deis ag cailíní ardleibhéal a dhéanamh sa mhataimic... an dearcadh sin, an chúngaigeantacht sin. Ní raibh suim aici go mbeadh muidne in san gcóras sin. Agus sin ceann de na fáthanna is mó go raibh sí sásta go rachadh muid go scoileanna Gaeilge.⁴³

Bhí cultúr agus idé-eolaíocht fhorásach á chur chun cinn ag lucht na Gaelscolaíochta sna 1980í. Samhláíodh an Ghaelscoil mar institiúid uilíoch agus de réir mar a bhí na Sé Chontae Fíchead ag athrú, d'athraigh gluaiseacht na Gaelscolaíochta leis. Mar a dúirt Tomás Mac Gabhann, uachtarán Gaelscoileanna, ag oscailt oifigiúil Ghaelscoil De hÍde i Mainistir Fhear Maí, léirigh an Ghaelscolaíocht *'the uniting force latent in the Irish language in bringing together all kinds of people, and bridging all class, political and religious barriers.'*⁴⁴ I gContae an Chláir, nuair a fógraíodh go n-osclofaí Gaelscoil Donncha Rua i Sionainn chuir an *Connacht Tribune* síos ar an mbaile mar *'the most cosmopolitan town in the country with school-going children of seventeen nationalities.'*⁴⁵ Tagraíonn Pádraig Mac Fhearghusa, a bhí gníomhach i gcúrsaí Gaelscolaíochta i dTrá Lí an tráth sin, ar an tuiscint a thugann an Ghaeilge d'Éireannaigh 'ar na ciníocha eile a tháinig faoi smacht thar lear ar feadh tréimhsí éagsúla.' Creideann sé 'go bhfuil fáthanna maithe, daonna i gcoitinne, lasmuigh den náisiúnachas, lasmuigh den chreideamh is ceart a bheith againn inár bpobal féin agus inár gcuid staire féin, leis an nGaoluinn a choimeád suas agus gur fiú do gach éinne iarracht a dhéanamh.'⁴⁶

I dtaobh comhdhéanamh na gluaiseachta, níl aon fhianaise le fáil a léiríonn gur tháinig athrú ar staid reatha na 1970í. Bhí mórán na gluaiseachta meánaicmeach go fóill, le hionadaíocht ón lucht oibre i

43 Agallamh.

44 *Evening Echo*, 4 Meán Fómhair 1984.

45 *Connacht Tribune*, an 3 Lúnasa 1984.

46 Agallamh.

gceantair áirithe. Is cinnte go raibh ‘gluaiseacht na Gaeilge,’ mar dhealaonta i dtreo na meánaicme go fóill mar a léiríonn an fhógraíocht ó *Combar* a foilsíodh in 1978; ‘*Combar—the only top-class Irish magazine in the country—is seen and read in the best circles. Best from the advertisers point of view that is, because a recent survey shows that more young professional men read Combar than any other class of reader. Because it appeals to the same type of reader as, for instance, the top English Sunday newspapers.*’⁴⁷ Tháinig fás de shórt ar Chonradh na Gaeilge i dtreo dheireadh na 1970í. Thug an tuarascáil eagraíochta i samhradh na bliana 1977, mar a glaoth air faoin tráth sin, eolas faoi líon na mball. Ba Chorcaigh a bhí chun tosaigh ó thaobh líon na gcearbhach; seacht gcinn a bhí sa chontae sin agus 305 bhall iontu. Bhí níos mó ball i mBaile Átha Cliath (452), cé go raibh líon na gcearbhach tite rud beag go ceithre cinn. Contaetha eile a bhí láidir ó thaobh líon na gcearbhach agus na mball ná Gaillimh (6 cearbh, 219 mball); Luimneach (3 cearbh, 241 bhall); an Mhí (7 cearbh, 251 bhall) agus Ciarraí (4 cearbh, 113 bhall). Go náisiúnta, bhí fás mall ag teacht ar an gConradh, ó thaobh na mball de, bliain i ndiaidh bliana. An bhuai a sroicheadh sna 1970í ná 4,767 in 1976.⁴⁸ Bhí dúshraith sách láidir de chonraitheoirí i roinnt mhaith contaetha a chabhródh le fás na Gaelscolaíochta le linn na tréimhse 1977–1985.

47 *Combar*, Iúil 1978, 16.

48 Bunreacht Chonradh na Gaeilge, 1973.

CAIBIDIL 2:

Ó INSE CHÓIR GO GAOTH DOBHAIR GO CRUINNIÚ LEIS AN AIRE, 1977-78

BHÍ AN TREO INA RAIBH Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Lán-Ghaeilge ag dul i dtaobh na gairmiúlachta le sonrú ag cruinniú cinn bliana 1976. Cuireadh moltaí faoi bhráid an chruinnithe gur chóir an Comhchoiste a eagrú i gceart ar fud na tíre, agus gur chóir rúnaí, ‘taistealaí lánaimseartha’ agus riarthóir buan a fhostú. Glacadh le rún don eagraíocht coistí cúige a bhunú. Tháinig moladh chun cinn chomh maith ó Dhónall Ó Riagáin go mbunófaí fochoistí éagsúla le plé le gnéithe áirithe d’obair an Chomhchoiste. Is ag an gcruinniú seo a athraíodh teideal na heagraíochta go Gaelscoileanna chomh maith.⁴⁹ An bhliain ina dhiaidh sin díriodh ar bhunús dlí láidir a leagadh faoin eagraíocht. I ndréachtmheamram a scríobh P. T. Mac Ruairí thart fá 1977 dúradh gur ‘cúis mhór imní don Choiste Riartha nach bhfuil bonn sláintiúil, dlíthiúil... faoin lár-eagras féin [agus] faoi go leor de na scoileanna nua-bhunaithe [le 10 mbliana anuas].’⁵⁰ Caitheadh go leor ama ag déanamh leasuithe ar dhréachta de bhunrecht Gaelscoileanna agus ag cur meabhrán comhlachais agus cáipéisí eile le chéile a chloígh le hAchtanna na gCuideachtaí (1963-1977) ionas go mbeadh seasmhacht láidir dhlíthiúil ag an eagraíocht as sin amach.⁵¹

I dtaobh na polaitíochta de, cuireadh tús leis an mbliain 1977 le dea-scéal don Ghaelscolaíocht. Chúlaiigh an tAire Oideachais Peter Barry óna chinneadh £75,000 a ghearradh de na deontais a bhí ag dul do na scoileanna lán-Ghaeilge. D’fhógair Barry go n-ardófaí na deontais do na scoileanna lán-Ghaeilge ag tús na bliana 1977. Fógraíodh go mbeadh ardú 20% i gceist.⁵² Bhuail Mícheál Ó Muircheartaigh, Uachtarán Gaelscoileanna, agus Mac Gabhann le hionadaithe ó Fhian-na Fáil—Seán Mac Uilliam TD, Máire Geoghan Quinn TD, Donncha Ó Gallchobhair TD agus Ciaráin Ó Murchú—thart faoin am céanna. Chuir an bheirt riachtanais na scoileanna Gaeilge in iúl do lucht an pháirtí. An freagra a fuair siad ná ‘go mbeadh ráiteas á eisiúint ag an

49 Miontuairiscí an Chruinnithe Cinn Bliana CNSG, an 27 Samhain 1976.

50 Dréachtmheamram, 1977.

51 Cáipéisí dlíthiúla éagsúla, 1976-77.

52 *Irish Independent*, 2 Feabhra 1977.

pháirtí aimsir an toghcháin.⁵³ Cá bhfios an raibh tionchar aige sin ar chinneadh Barry. Cibé ar bith, ní mó ná sásta a bhí Rúnaí Gaelscoileanna, Tomás Mac Gabhann. Cháin sé an rialtas ag tús mhí Feabhra mar nach raibh ach méid suarach i gceist leis an ardú. Gealladh ardú in 1976, a dúirt Mac Gabhann, ach níor comhlíonadh an gealltanas sin. Ní bheadh ach méadú 75 pingine in aghaidh an dalta i gceist leis an méadú a fógraíodh.⁵⁴ I gcáipéis inmheánach de chuid Gaelscoileanna dúradh nach raibh ‘sa mhéadú sin ach sop.’ Más sop a bhí ann, níor tugadh é fiú agus faoi 1976/1977 bhí an roinn tar éis a insint do Ghaelscoileanna ‘gur chóir dul i dtuilleamaí breis marcanna do Ghaeilge mar mhodh tacaíochta seachas breis airgid.’ D’fhreagair Gaelscoileanna seo go borb. Ghlacfaidís leis an argóint sin, a dúradar, ‘má thugtar dearbhú dúinn go bhfuil an feidhmeannach nó na feidhmeannaigh áirithe sin ag fáil a gcuid earraí cothabhála srl. ar mharcanna ó shiopadóirí sa chathair.’⁵⁵ Scríobh comhfhreagraí oideachais an *Irish Independent*, John Walshe, tuairisc ar an scéal. Cé gur fhógair Barry arduithe eile i réimse an oideachais an lá céanna—arduithe nár bhain go sonrach leis na scoileanna lán-Ghaeilge—chinn Walshe ‘*All-Irish Schools’ Grants up 20 per cent*’ a roghnú mar cheannnteideal a ailt.⁵⁶ Bhí difir suntasach idir tuairisciú an *Indo* agus an *Irish Press* ar chás na Gaelscolaíochta an tráth seo. Ba é an *Irish Press* an nuachtán ba bháúla. Ní nach ionadh. Bhunaigh De Valera agus a chomhghleacaithe an nuachtán in 1931. Pat Holmes a bhí mar chomhfhreagraí oideachais acu sna 1970í agus nuair a fógraíodh ardú deontais do na scoileanna lán-Ghaeilge ar ball in 1978, scríobh sé go bhféadfadh an t-ardú sna deontais an taoide a chasadh ar son na Gaeilge.⁵⁷

Ach ag deireadh mhí Feabhra 1977, ag cruinniú cinn bliana Chomharchumann Íde Naofa i Luimneach, labhair Mac Gabhann amach i gcoinne an rialtais arís. Mar a thuairiscigh an *Irish Examiner*, le hais daltaí lasmuigh den Ghaeltacht, a fuair a gcuid oideachais saor in aisce, d’áitigh Mac Gabhann go raibh ar mhuintir na Gaeltachta íoc as an gceart bunúsach sin. Dar leis, go raibh sé ‘*paradoxical that at a time when*

53 Miontuairiscí Choiste Riartha Gaelscoileanna, an 30 Bealtaine 1977.

54 *Irish Independent*, an 2 Feabhra 1977.

55 Cáipéis inmheánach Gaelscoileanna, *Feall ar Scoileanna Lán-Ghaelacha*, 1977.

56 *Irish Independent*, an 2 Feabhra 1977.

57 *Irish Press*, an 26 Iúil 1978.

*the mood and attitude of the Irish people was running in favour of the use of Irish, politicians over the past ten years or so dismantled the means within the school system by which an Ó Ríordáin, an Ó Riada or an Ó hEithir could possibly mature.*⁵⁸ Ag an gcruinniú céanna dhearbhaigh Mac Gabhann go raibh constaic mhór eile ann do bhunú scoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath nuair a thagair sé don ‘*present price of land*.’ Réiteach amháin ar seo, i dtuairim Mhic Gabhann, ná go n-úsáidfí foirgnimh scoile a fágadh folamh nuair a bogadh go háitribh níos mó iad. Bheadh toil na Roinne Oideachais de dhíth ar dtús báire, a mhaigh sé.⁵⁹

Go luath i ndiaidh do Mhac Gabhann agus Gaelscoileanna dúshlán an Aire Oideachais a thabhairt sna meáin, d’éirigh leo cruinniú a bheith acu leis an Aire Barry, áit a raibh siad in ann a gcuid éileamh a chur chun cinn. Reáchtáladh cruinniú idir Coiste Riartha Gaelscoileanna agus an tAire Barry in earrach na bliana 1977. Seoladh meamram chuig Barry roimh ré inar luadh na príomhfhadhbanna a bhain leis an nGaelscolaíocht ag an am. Dúradh sa mheamram go raibh an deontas caipitíoch do na scoileanna lán-Ghaeilge ró-íseal. Bhí £6 in aghaidh an pháiste á íoc ag an am do ghnáthscoileanna náisiúnta. Anuas air sin bhí easpa airgid ann chun láthair a cheannach do na Gaelscoileanna agus cóiriú ceart a dhéanamh orthu—fadhbanna a bhí ag cur isteach ar fhorbairt Scoil Chualann i mBré agus Scoil Oilibhéir i mBaile Bhlainséir ag tús na bliana 1977. Bhí an dá cheist nasctha, dar ndóigh, óir ní raibh tacaíocht airgeadais na hEaglaise ná maoiniú an pharóiste ag na scoileanna lán-Ghaeilge. Tháinig cuid de dheontas caipitíochta na scoileanna lán-Bhéarla ón bparóiste, ach ba mhinic nach bhfuair na scoileanna lán-Ghaeilge an sciar seo. B’éigean do lucht na Gaelscolaíochta airgead breise a iarraidh ó na tuismitheoirí ar bhonn rialta chomh maith le hairgead a thiomsú trí imeachtaí éagsúla a eagrú. Luadh freisin easpa múinteoirí feabhais sna gaelscoileanna—de bharr go raibh líon beag daltaí i bhformhór na scoileanna lán-Ghaeilge ag an staid luath seo, ní raibh siad i dteideal na múinteoirí sin. Iarradh ar an aire don dara huair ionad faoi leith a bhunú sa Roinn Oideachais a mbeadh sé de chúram air plé go díreach le hearnáil na Gaelscolaíochta a bhí ag fás.⁶⁰ Sa mhullach air sin, chuir an Coiste Riartha ar shúile an

58 *Irish Examiner*, an 28 Feabhra. 1977.

59 *Irish Press*, an 27 Feabhra 1977.

60 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 22.

aire nár comhlíonadh gealltanais eile, a rinneadh in 1973, go bhfostófaí 25 dhuine breise sa Ghúm chun tabhairt faoin easpa téacsleabhar agus ábhar múinteoireachta a réiteach.⁶¹ Ag an gcrúinniú céanna ardaíodh ceist na n-iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. D'éiligh Coiste Riartha Gaelscoileanna ar an Aire go gcomhlíonfaí gealltanais a tugadh mar gheall ar an nGaelscolaíocht ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Dúradh leis go raibh naoi gcinn de scoileanna i gcatagóir 'A,' agus an méid céanna i gcatagóir 'B,' tar éis éirí as a bheith ag múineadh trí mheán na Gaeilge de bharr easpa maoinithe agus acmhainní. Gealladh go gcaithfí £86,000 sa bhreis ar na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i gcaitheamh na bliana 1976. Ach, cé go raibh scoilbhliain 1977/1978 ag teannadh leo faoin am ar bhuaill siad leis an aire, ba léir nár caitheadh pingin rua den tsuim sin.⁶²

Cé go raibh iarrachtaí ar bun i rith 1977 dhá scoil lán-Ghaeilge a chur ar an bhfód (Scoil Chualann, Bré agus Gaelscoil Inse Chór), ba léiriú é an ghníomhaíocht chun airgead a thiomsú do Scoil an tSeachtar Laoch ar na dúshláin reatha mhaoinithe a bheadh os comhar scoileanna lán-Ghaeilge fiú agus aitheantas faighte acu ón roinn. I rith an tsamhraidh, bheartaigh dream múinteoirí agus tuismitheoirí ón scoil tabhairt faoi shiúlóid idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath chun airgead a thiomsú don scoil. D'éagraigh Dónal Ó Loinsigh, múinteoir, an t-éacht agus chuaigh S. De Singletúin, Seán Ó Muireagáin, Proinsias Ó Brioscáin, Peadar Ó Ceallaigh, Seán Ó hÓgáin, agus Tomás Mac Gib (Tommy Gibson) in éindí leis. Ba ar mhaithe le cothabháil na scoile a socraíodh dul i mbun siúlóide. Bhí sé mar aidhm acu £5,000 a bhailiú agus rinne Superquinn urraíocht ar na fir. Mar a mhínigh *Evening Echo* Chorcaí, rinneadh urraíocht orthu ag ráta '*£1 for each pound of weight lost on the walk, so the more gruelling the walk the better. The men were weighed in today before they set off and will be weighed in again in Dublin by former international boxer Mick Dowling*.'⁶³ Bhaist an *Irish Examiner* an '*magnificent seven*' ar na fir agus é ag cur síos ar an gcuid dheireanach dá shiúlóid. Cúig lá i ndiaidh dóibh Corcaigh a fhágáil stop siad ag halla Chonradh na Gaeilge in Inse Chóir roimh dóibh dul ar aghaidh go lár na cathrach, áit ar chuir lucht tacaíochta fáilte rompu. Rinneadh an t-airgead

61 Ibid., 22-23.

62 Ibid., 22-23.

63 *Evening Echo*, an 1 Lúnasa 1977.

a bailíodh ar an mbealach a lóisteáil i mbanc i lár na cathrach roimh dóibh fillleadh ar an mbaile i mBaile Munna.⁶⁴

Trátha an ama chéanna bhí borradh ag teacht faoin bhfeachtas chun scoil lán-Ghaeilge a bhunú in Inse Chór. Rinne an Eaglais Chaitliceach agus an Roinn Oideachas faomhadh ar Ghaelscoil Inse Chóir i samhradh na bliana 1977 agus d'oscail sé i bhfómhar na bliana sin le rang amháin a d'fhreastail ar dhaltáí idir ceithre agus sé bliana d'aois. Cuireadh fógra san *Evening Herald* i mí Lúnasa ag iarraidh tuismitheoirí a ghríosú le dul i dteagmháil leis an gcoiste eagraithe trí Sheán Ó Marnáin.⁶⁵ Bhí Ó Marnáin ina bhall de Chraobh Inse Chóir an Chonartha.⁶⁶ Thar aon scoil eile ag an am bhí an feachtas chun Gaelscoil Inse Chór a bhunú fite fuaite le dul chun cinn an Chonartha. Ceann de na ceisteanna a bhí á hionramháil i measc roinnt conraitheoirí san ardchathair ag tús na 1970í ná an gá, mar a dúirt rún amháin de chraobh Chonradh na Gaeilge Inse Chóir in 1972, 'an eagraíocht a láidirú agus a leathnú amach go mór i gCathair Átha Cliath.'⁶⁷ D'éirigh leis an gConradh borradh a chur faoi féin ina dhiaidh sin mar a léirigh tuarascáil eagraíochta na bliana 1977.⁶⁸ Bhí Inse Chóir ar cheann de na craobhacha ba láidre sa chathair. Bhí áras dá gcuid féin acu, Árus Pádraig, agus bhí éirithe leo deacrachtaí le struchtúr an fhoirgnimh a shárú le cabhair Choiste Airgid an Chonartha.⁶⁹ Bhí tríocha ball sa chraobh. Lena ais sin, bhí trí rang Gaeilge á reáchtáil acu agus oícheanta ceoil uair sa ráithe. I gcás na scolaíochta sa cheantar, bhí naíscoil á reáchtáil ag an gCraobh ó thús na 1970í, agus tóir air i measc daoine áitiúla.⁷⁰ I gcaitheamh an ama chéanna bhí Seán Mac Mathúna ina rúnaí ar Chonradh na Gaeilge agus é ag feachtasaíocht ar son Ghaelscoil Inse Chóir.⁷¹ Is cosúil gur leagadh dúshraith Ghaelscoil Inse Chór

64 *Irish Examiner*, an 6 Lúnasa 1977.

65 *Evening Herald*, an 17 Lúnasa 1977.

66 Foirm ard fheis, an 27 Márta 1974.

67 Rúin Chraobh Inse Chóir, an 9 Márta 1972.

68 Tuarascáil Timireachta Chonradh na Gaeilge, Samhradh 1977.

69 Donnchadha Ó hAodha, Coiste an Airgid, go Seosamh Ó Broin, an 24 Lúnasa 1972 agus an 30 Eanáir 1975.

70 Tuairisc chraoibhe, Eanáir/Feabhra 1973; Donnchadha Ó hAodha chuig Seosamh Ó Broin, an 21 Meán Fómhair 1973.

71 Seán Mac Mathúna chuig Niall Mac Fhionnlaioich, an 21 Nollaig 1977; Mac

in áras an Chonartha ar an mbaile agus sa náiscolaíocht a bhí á reáchtáil ag baill an Chonartha i rith na 1970í.

Bhí teist an uair seo ar Bhaile Átha Cliath mar chathair ina raibh eagraíochtaí Gaeilge ag borradh. Thuairiscigh an *Irish Press* i mí Feabhra 1978 ar an eagrúchán a bhí ar bun do Sheachtain na Gaeilge an bhliain úd. Bhí Ciarán Ó Feinneadha agus fiche oibrí deonach ag obair i dtreo na seachtaine, a reáchtálfaí idir an 9 agus an 16 Márta. I dteannta Gaelscoileanna, liostáladh deich n-eagraíocht eile Ghaeilge a bheadh páirteach sa cheiliúradh agus dúradh go raibh coiste lárnach ag obair i lár na cathrach. Bhí coistí áitiúla sna bruachbhailte i nDún Laoghaire agus i gceantair ina raibh scoileanna lán-Ghaeilge bunaithe cosúil le Baile Munna, nó ar tí teacht ar an bhfód amhail Tamhlacht agus Cluain Dolcáin agus níos gaire don chathair sna Saoirsí agus Ráth Maoinis. Díol suntais ar leith ab ea é don *Press* go raibh ‘numerous Gaelic cultural societies, all based in Dublin and many with branches throughout the country. It is in Dublin that Irish language, literature, song and music is promoted and preserved.’⁷²

I Samhain na bliana 1977, d’ardaigh Mícheál Ó Muircheartaigh, Uachtarán Gaelscoileanna, ceist an mheatha a tháinig ar líon na scoileanna ar fud an stáit le deich mbliana anuas a bhí ag múineadh trí Ghaeilge. Thagair sé don mhoill ar pháirt an rialtais téacsleabhair oiriúnacha a sholáthar, don teip ghlan aon rannóg speisialta a bhunú sa roinn a mbeadh cúram uirthi as na scoileanna a bhainistiú, agus don easpa tacaíochta airgeadais do na scoileanna trí chéile, áit a raibh tuismitheoirí ag íoc as cíos na bhfoirgneamh agus tuarastail na mball foirne.⁷³ Thuairiscigh an *Evening Herald* óráid cinn bliana Uí Mhuircheartaigh i gColáiste Mhuire. D’áitigh Uachtarán Gaelscoileanna:

Irish language schools are being strangled by being treated as merely part of the English medium entity. The Department of the Gaeltacht and Bord na Gaeilge—two bodies responsible for the promotion and development of the Irish language—have hitherto stood

Mathúna chuig Fiachra Mac Fhionnlaoich, an 28 Meitheamh 1977.

72 *Irish Press*, an 21 Feabhra 1978; Na heagraíochtaí Gaeilge eile a luadh ná Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Gael Linn, Na Teaghlaigh Ghaelacha, Cumann Scoilrímaíochta, Glúin na Bua, An Réalt, Comhchoiste na gColáistí Samhraidh, Cara agus Comhar na Múinteoirí.

73 *Irish Examiner*, an 21 Samhain 1977.

*aside and failed to do anything significant for Irish-medium schools.*⁷⁴

Mhínigh Rúnaí Gaelscoileanna, Tomás Mac Gabhann, agus é ag labhairt ag an gcuinniú céanna, go raibh an Roinn Oideachais cúramach gan cead a thabhairt an iomarca gaelscoileanna nua a oscailt go dtí go raibh na cinn a bhí ar an bhfód cheana buanaithe.⁷⁵ Thart faoin ama seo baineadh leas as cruinnithe cinn bliana Gaelscoileanna chun faillí an stáit ó dheas i leith na Gaelscolaíochta a chur ar shúile an phobail. Ní ba luaithe in 1977 agus toghchán na bliana sin ag teannadh chuuaigh gníomhaithe Gaelscoileanna, Chonradh na Gaeilge, Ghael Linn, Chomhar na Múinteoirí Gaeilge, agus eagraíochtaí eile Gaeilge, i mbun feachtais inar dáileadh ceistneoir ar pholaiteoirí. An modh oibre a bhí i gceist ná go gcuirfí agallamh ar pholaiteoirí chun gealltanais cinnte a fháil uathu a bheadh chun leas na teanga.⁷⁶

Bhí cúrsaí scolaíochta suaite go maith i dTír Chonaill i dtreo dheireadh na 1970í chomh maith. Fágadh an contae in áit na leathphingine nuair a bhí an meánoideachas agus an gairmoideachas á leathnú ar fud an stáit idir na blianta 1930 agus 1960 agus níor tógadh gairmscoil ar bith sa chontae. Diúltaíodh an deontas speisialta chun gairmscoil a thógáil do Ghaeltacht Dhún na nGall. D'fhág seo, dár le Peadar Ó Ceallaigh agus é ag scríobh ar *An tUltach* i lár na 1970í, go raibh '10,000 de dhéagóirí Dhún na nGall, a bhí ina gcainteoirí dúchais, gan aon iar-bhunoideachas ach an méid a fuair siad i bpoill mhianaigh na hAlban nó i seomraí freastail Shasana.' Rinne Ó Ceallaigh cur síos ar dhroch-chinntí na Roinne Oideachas i nGaioth Dobhair daltaí meánscoileanna a sheoladh chun an Clocháin Léith. Sa Ghaeltacht Láir, a dúirt Ó Ceallaigh, 'in ionad scoil phobail a thógáil dóibh ag Baile na Finne agus iad a dhlúthú le chéile, rinneadh ceithre ceathrúna den Ghaeltacht Láir.' An toradh a bhí air seo ná gur 'iompair an Stát ceathrú amháin de na déagóirí go Srath an Urláir, ceathrú eile go Leitir Ceanainn, ceathrú eile go dtí na Gleanntaí agus an ceathrú eile go dtí An Clochán Liath, áit a bhfuil siad ó shin ar scoileanna Béarla agus ag cailliúint na Gaeilge mar ghnáth-theanga.'⁷⁷ Bheadh an Ghaeltacht Láir ina láthair throda

74 *Evening Herald*, an 19 Samhain 1977.

75 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 23.

76 *Irish Press*, an 10 Meitheamh 1977.

77 *An tUltach*, Iml 53, Uimh 7, Iúil 1976, 10-11.

ar ball sna 1980í ach in 1977 d'éagraigh Conradh na Gaeilge cruinniú in Óstán Radharc an Eargail i nGaioth Dobhair faoin laghad soláthar iar-bhunscoileanna Gaeilge sa cheantar. D'fhreastail os cionn 100 duine, idir mhúinteoirí agus tuismitheoirí, ar an gcruinniú. Léiríodh mian i rith an chruinnithe cur i gcoinne an chónasctha a d'fhág go raibh scoileanna Gaeltachta á ndúnadh agus scoileanna Béarla ag teacht ina n-áit. Dúradh go raibh polasaithe oideachais an stáit ag marú na Gaeltachta; *'nobody can say the Donegal Gaeltacht is dying. It is just being systematically liquidated.'*⁷⁸ Ach ba léir, in amanna, go raibh míthuiscint ann idir gníomhaithe na cathrach agus muintir na Gaeltachta. Léirigh achrainn mar gheall ar Phobalscoil Ghaoth Dobhair i leathanaigh an *Donegal Democrat* amhlaidh. Scríobh dalta amháin ón scoil chéanna litir chuig an nuachtán i mí na Bealtaine 1977 ag caitheamh anuas ar Chonradh na Gaeilge. *'Now I spit at Conradh na Gaeilge,'* ar sé, *'what right have they to give Ard Scoil Mhuire and my education a bad name... who gave Conradh na Gaeilge the right to call the two buildings in the school "barns"?'⁷⁹*

Ainneoin na scoileanna lán-Ghaeilge a bhí á mbunú faoin tráth seo lean an titim thubaisteach ar líon na scoileanna náisiúnta agus iar-bhunscoileanna a mhúin gach ábhar nó roinnt ábhar trí mheán na Gaeilge sa chóras i gcoitinne in 1978.⁸⁰ B'iarsmaí an seanchóras oideachais 'Gaelaithe' na 1920í-1950í a bhí sna scoileanna sin a bhí ag múineadh roinnt ábhar trí Ghaeilge seachas dul i muinín an tumoideachais iomláin mar a bhí na scoileanna lán-Ghaeilge nua. De bharr an titime úd, rinne an rialtas iarracht raidhse poiblíochta a bhaint fiú nuair a osclaíodh sruthanna Gaeilge laistigh de scoileanna Béarla. Seoladh Liam Tobin, aire i Roinn na Gaeltachta, chun sruth a oscailt i nGairmscoil na hUamha i mí Eanáir 1978. Bhí trí pháiste dhéag le páirt a ghlacadh sa sruth agus ag an oscailt oifigiúil d'iarr Tobin ar thuilleadh tuismitheoirí páirt a ghlacadh sa togra nua.⁸¹ Foilsíodh an *Black Paper on Irish Education* i luathmhíonna 1978 chomh maith. An Feirsteach Liam Andrews a scríobh agus Craobh na dTeicneolaithe de Chonradh na Gaeilge agus an Conradh Ceilteach a d'fhoilsigh. Ionsaí láidir ar staid na Gaeilge i

78 *Donegal Democrat*, an 1 Deireadh Fómhair 1976.

79 *Donegal Democrat*, an 27 Bealtaine 1977.

80 *An Roinn Oideachais: tuarascáil staitistiúil*, 1978-1979.

81 *Meath Chronicle*, an 7 Jan. 1978.

gcóras oideachais an stáit ab ea é.⁸² Luadh in eagarfhocal *Combar* faoin bhfoileachán, nár léiríodh i bhfocail chomh pointeáilte sin riamh roimhe díreach cé chomh faillíoch agus atá an Roinn Oideachais maidir le polasaí Gaeilge a chur i bhfeidhm.⁸³

Choinnigh Gaelscoileanna ag stocaireacht leo i rith Earrach 1978 agus reáchtáladh cruinniú a raibh tábhacht as cuimse aige don ghluaiseacht ar an 8ú Márta. Ba ‘cruinniú stairiúil’ a bhí ann idir Coiste Riartha Gaelscoileanna agus an tAire Oideachais nua, John Wilson, dar le Ní Fhearghusa. Bhí ionadaithe ann thar ceann na roinne—an tAire Oideachais féin, Liam Ó Laidhin, Rúnaí Cúnta, Liam S. Dáibhis, P. Ó Maoldomhnaigh agus B. Ó Míodach, Príomhoifigeach—agus thar ceann Gaelscoileanna—Mícheál Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach, Tomás Mac Gabhann, Rúnaí, An Bráthair Ó Dubhgáin, C. Mac Carthaigh, Dónaill Ó Riagáin agus an tAthair P. Tirial.⁸⁴ D’éirigh le hionadaithe na heagraíochta roinnt gealltanais tábhachtach a bhaint amach. Ina theannta bhí múinteoir breise ‘thar an gcoibhneas atá ceadaithe faoi láthair,’ go gcuirfear láithreáin ar fáil saor in aisce, go n-íocfar costais iomlána tógála as sin amach, agus go dtiocfar i gcabhair ar Ghaelscoileanna ‘le breis thar an ghnáthrata caipitíochta atá ar fáil.’⁸⁵ Gealladh, chomh maith, go mbuailfeadh ionadaithe Gaelscoileanna leis an nGúm faoi dhó gach bliain chun cúrsaí soláthair téacsleabhar a phlé agus eolas a mhálartú.⁸⁶ Chuir Wilson in iúl d’ionadaithe Gaelscoileanna go labhródh sé le T.K. Whitaker, a bhí ina Chathaoirleach ar Bhord na Gaeilge an tráth sin, faoi airgead a fháil chun rúnaíocht bhuana a chur ar fáil don eagraíocht chun go mbeadh sé in ann feidhmiú ar bhonn phroifisiúnta.⁸⁷ Mar a mhíníonn a mhac, Ultán Mac Gabhann, bhí aithne mhaith ag Tomás Mac Gabhann ar John Wilson. ‘Ba mhinic iad ar an nguthán le chéile ag plé cúrsaí Gaeilge agus bhraith Dad go raibh tábhacht leis mar aire oideachais,’ arsa Ultán.⁸⁸ Faoi mhí na Beal-

82 Andrews 1978: *passim*

83 *Combar*, Iml. 37, Uimh 4, Aibreán 1978, 3.

84 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 23.

85 Miontuairiscí ar chruinniú idir Gaelscoileanna agus an tAire Oideachais/Roinn Oideachais, an 8 Márta 1978.

86 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 23.

87 *Ibid.*

88 Nótaí Ultáin Mhic Gabhann, Aibreán 2021.

taine 1978 bhí deontas £7,500 curtha ar fáil do Ghaelscoileanna chuige sin.⁸⁹ I ndiaidh an chruinnithe, i mí Iúil, bhí tuilleadh dea-nuachta ann nuair a d'fháiltigh Tomás Mac Gabhann roimh fhógra eile ó Wilson go n-ardófaí na deontais do na scoileanna lán-Ghacilge 30% agus go dtiocfadh an t-ardú i bhfeidhm in earrach na bliana 1979.⁹⁰ Agus é ag breathnú siar ar an gcrúinniú stairiúil a tharla ag tús 1979 chreid Mac Gabhann gur chabhraigh na cruinnithe a reáchtáladh idir Gaelscoileanna agus státseirbhísigh na roinne ó 1974 i leith le dul i bhfeidhm ar an aire. D'áitigh sé go raibh 'bá na n-oifigeach' acu trí na réamhchruinnithe sin. 'Níor mhiste a rá,' a dúirt sé ag an gcrúinniú cinn bliana in 1978, 'go raibh bá ag an Aire Airgeadais, Seoirse Ó Colla, T.D., agus rinne sin níos éasca dúinn.'⁹¹

89 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 24.

90 *Irish Independent*, an 26 Iúil 1978.

91 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 23.

CAIBIDIL 3:**SCOIL MHC EASMAINN, 1978—‘TAR ANSEO
ANOIS AGUS MÍNEOIDH MÉ DUIT... NÍ
BHUNAÍONN AN ROINN SCOILEANNA’**

BA DHUL CHUN CINN eile é don ghluaiseacht nuair a d’oscail Scoil Mhic Easmainn i dTrá Lí in 1978. Ba é an chéad scoil lán-Ghaeilge é sna Sé Chontae Fichead a bunaíodh lasmuigh de mhórcheantar Baile Átha Cliath. Bhí Dawn Ó Conchubhair agus a fear céile Seán Seosamh Ó Conchubhair go mór chun cinn san fheachtas. Tógadh Dawn trí mheán an Bhéarla ach rinne sí stair agus tíreolaíocht ar scoil trí mheán na Gaeilge. Spreag beirt mhúinteoirí bunscoile, mná rialta, i dtreo na Gaeilge í agus bhí an-spéis ag duine acu sin sa stair—‘bhí gach rud ar eolas againn faoi Phádraig Mac Phiarais.’ Chuaigh sí isteach sa mheán-scoil ansin agus bhí Gaeilge ar fáil ann. Nuair a d’fhág sí an mheánscoil d’fhreastail sí ar ranganna Chonradh na Gaeilge. Seán Ó Foghlú, múinteoir náisiúnta áitiúil, a bhí ag múineadh na Gaeilge i dTrá Lí agus is cuimhin le Dawn go raibh na ranganna deas agus cairdiúil. ‘Saghas Gaelscoil’ a bhí ag Ó Foghlú agus sheoladar a mbeirt bhuachaillí ann go dtí gur oscail Scoil Mhic Easmainn. Bhí suim aici sa Ghaeilge, agus chuaigh sí ag obair leis an gcomhlacht próiseála feola CWS, agus bhí Seán Seosamh ag obair san áit chéanna agus é ina rúnaí de Chonradh na Gaeilge sna 1970í. Is cuimhin léi gur tháinig Pádraig Mac Fhearghusa go Trá Lí agus bhí an smaoineamh aige Gaelscoil a bhunú, rud a bhí Seán Seosamh ar aon intinn leis.⁹² D’fhoghlaim Mac Fhearghusa a Ghaeilge ar scoil—ní raibh aon Ghaeilge ag a athair, ba as Fear Manach dó siúd, ach ba as Gleann Beithe dá mháthair ach ní raibh Gaeilge aici. Bhí Gaeilge ag a sheanathair agus a sheanmháthair, ar thaobh a mháthar. ‘Ní raibh aon Ghaeilge sa bhaile. Ach is dócha go rabhadar báúil le Gaeilge. Bhíodar náisiúnach, Éireannach, mar a bhí daoine i gcoitinne.’ Ar chúis amháin nó cúis eile bhí suim aige sa Ghaeilge agus is cuimhin leis a bheith ag iarraidh an teanga a fhuaimniú agus é sna naíonáin. Bhí a athair sna Gardaí sna 1920í agus ba náisiúnaí é, ‘ach ní raibh sé in ann a ainm a litriú i gceart as Gaoluinn. Tá’s agam é sin, mar bhí ar na Gardaí iarracht a dhéanamh Gaoluinn a fhoghlaim nuair a bhí an Ginearál Ó Dufaigh i gceannas sna 20í. Chuir sé cúrsa

92 Agallamh le Dawn Ó Conchubhair.

éigin—*linguaphone* is dóigh liom—timpeall go dtí na stáisiún go léir.’ Cé go raibh suim ag Mac Fhearghusa sa Ghaeilge ar an mbunscoil bhí díomá air nach raibh sé in ann comhrá a choinneáil. An rud mór a tharla ina shaol a chinntigh go bhféadfadh sé greim a choinneáil ar an nGaeilge ná go raibh na hábhair ar fad, seachas reiligiún, á múineadh trí Ghaeilge ar an meánscoil chónaithe ar ar fhreastail sé i gCill Airne. Meabhraíonn sé go mbíodh ‘sé mar nós, fiú, ag cuid againn, nuair a bhíomar ag teacht i dtreo na ranganna sinsearacha iarracht a dhéanamh Gaoluinn a labhairt linn féin sa chlós.’⁹³ Tugann Mac Fhearghusa ábhar eile chun cuimhne mar a bhaineann sé lena fhealsúnacht phearsanta agus an ré inar fhás sé aníos:

Bhí spiorad áirithe ann in sna 1960í, na 1950í déanach chomh maith, is dócha... Is cuimhin liom nuair a bhíos thart ar ocht mbliana d’aois nó mar sin do léigh (m’athair) beathaisnéis Phádraig Uí Phiarais dom féin agus mo bheirt deartháir... Cé go raibh sé féin i bhfabhar go leor don Ghaeilge bhí sé beagáinín beag Fine Gaelach, mar a thuigfeá, agus... ní raibh sé lán-mhuiníneach as meon Fhianna Fáil i leith na Gaeilge... Ach bhíosa saghas ag rá...“bhuel má tá tú ar son na tíre, caithfidh tú a bheith ar son na teanga.” Sin mar a chonacsa é agus is dócha gur chabhraigh sé liom chun breithiúnas a dhéanamh ar thuairimí m’athair chomh maith [GAIRE], aisteach go leor—cén fáth go mbeadh sé ar son an náisiúin agus Phádraig Mhic Phiarais mura raibh sé céad faoin gcéad ar son na Gaolúinne chomh maith?

Chuaigh sé i mbun cáiliócht mar mhúinteoir a fháil i gColáiste Phádraig agus bhí leithéidí Alan Titley agus Joe O’Toole ann leis ag an am. Luann sé gur ‘thuigeamar go raibh cúlú ann’ sa Ghaeilge sa chóras oideachais. Mar sin féin bhí dóchas éigin sna 1960í, creideann sé, mar go raibh cúrsaí eacnamaíochta ag feabhsú. Bhí ‘deis éigin againn fa-nacht sa tír fiú amháin... nuair a bhíos sa bhunscoil bhíos ag súil go gcaithfinn dul ar imirce, bhí gach éinne ag dul ar imirce...’⁹⁴

Faoi lár na 1970í bhí Mac Fhearghusa ag múineadh i scoil náisiúnta lasmuigh de Thrá Lí. Bhí méadú as éadan ag teacht ar an mbaile nuair a tháinig sé ann in 1975. Chuaigh sé isteach sa Chonradh i dTrá Lí, chun a Ghaeilge a choimeád líofa thart ar 1976 nó 1977. Toghadh é ina chathaoirleach ar an gcraobh agus ‘bhí Gaelscolaíocht san aer agus [dúramar] go gcaithfeadh muid gníomh éigin a dhéanamh.’ Bhí naíonra beag ag Bean Uí Chaoimh i dTrá Lí agus bhí iníon aige a bhí

93 Agallamh le Pádraig Mac Fhearghusa.

94 Agallamh.

ar an mbunscoil sna naíonán agus ní raibh an Ghaeilge á sealbhú ag na páistí ann. ‘Spreagadh breise ab ea é sin domsa,’ a dúirt Mac Fhearghusa. Bhí 14-16 pháiste ag na daoine a bhí i gCraobh an Chonartha ach bheartaigh siad go gcaithfidís tuilleadh a earcú chun go mbunófaí an scoil lán-Ghaeilge. Cé gur eascair na hiarrachtaí ar son na Gaelscolaíochta ó chraobh den Chonradh i dTrá Lí ní raibh Mac Fhearghusa ar a chompord le heagraíochtaí an tráth sin:

Bhíos an-seachantach faoi eagraíochtaí, mar tá’s agat nuair a ghabhann tú isteach in eagraíocht slogtar isteach tú. Agus le fírinne níor slogadh isteach mé go dtí gur thángas go Trá Lí sa Chonradh féin. Bhí suim agam i gcúrsaí polaitíochta gan dabht mar sin mar a bhí sna 1960í chomh maith. Bhí aithne agam ar chonraitheoirí i mBleá Cliath chomh maith. Chuas síos go hOileán Cléire ar cheann de na scéimeanna sin a bhí ann chun uisce a chur isteach—is dócha gur bhraitheamar go rabhamar beagáinín cosúil leis na Rúisigh seo a bhí ag imeacht amach faoin tuath sa 19ú haois déag chun an saol a athrú [GÁIRE].⁹⁵

Thuariscigh an *Kerryman* gur eagraigh Conradh na Gaeilge i dTrá Lí cruinniú ar an 1 Iúil 1978 chun go mbunófaí scoil lán-Ghaeilge sa bhaile. Tháinig coiste *ad hoc* ar an bhfód ag an gcrúinniú. Labhair Dónall Ó Riagáin, a bhí ina bhainisteoir ar Roinn na Scéimeanna Oideachasúla i nGael Linn agus ina chathaoirleach ar bhord bainistíochta Scoil Chrónáin, Ráth Cúil, leis an slua an oíche sin. Chuir Ó Riagáin in iúl don chruinniú gur ‘éirigh le muintir Inse Chór bunscoil lán-Ghaelach a bhunú i dtrí mhí anuraidh’ agus, dá dheasca sin, ‘ní raibh súil ar bith aige nach n-éireodh le muintir Thrá Lí.’⁹⁶ Mar sin bhí múnla ann cheana agus tháinig leithéidí Uí Riagáin chun dlúthpháirtíocht a léiriú agus comhairle a thabhairt do lucht bunaithe Scoil Mhic Easmainn. Tháinig daoine ón mBriotáin agus an Bhreatain Bheag chomh maith, mar is cuimhin le hÓ Conchubhair, chun léachtaí ar chúrsaí tumoideachais agus ar staid na dteangacha sin a thabhairt ‘chun taispeáint dár dtuismitheoirí féin [go raibh siad in ann an scoil a bhunú].’⁹⁷ Ach, mar is cuimhin le Mac Fhearghusa, ‘an sampla mór a bhí againne ná Scoil an tSeachtar Laoch, ar bhealach, agus conas mar a tháinig siad slán tríd an rud ar fad. Tráth nach raibh na cigirí báuil leo in aon chor amuigh i

95 Agallamh.

96 *Kerryman*, an 7 Iúil 1978.

97 Agallamh le Dawn Ó Conchubhair.

mBaile Munna...⁹⁸ Ní raibh muintir Bhaile Munna agus muintir Thrá Lí chomh héagsúil sin óna chéile i dtéarmaí aicme de mar is cuimhin le hÓ Conchubhair:

...go dúirt duine éigin ar Radio Kerry “*elitist school*.” But d’oibrigh Seán Seosamh i monarchan bagúin, so níl aon “*elitism*” (ag baint) leis sin. Agus daoine eile ní raibh..’

Ó Luain: ‘Cineál meascán daoine?’

‘Meascán, meascán. Do bhí múinteoir, do bhí daoine nach raibh aon obair acu... meascán trasna an bhoird. Ní raibh aon duine saibhir ann (GAIRE).’

Formhór na dtuismitheoirí bhí siad thart ar 40–45 bhliain d’aois, dár le hÓ Conchubhair.⁹⁹ Aontaíonn Mac Fhearghusa léi ar cheist an aicme; ‘i dTrá Lí fuairamar tacaíocht ó gach aon aicme, cur é mar sin—ní maith liom an focal ach sin mar atá—daoine a bhí go maith as agus daoine nach raibh chomh maith céanna as.’¹⁰⁰

Tharla an obair go sciobtha, thar thrí mhí i lár 1978. Bhí na rialacha níos simplí an tráth sin i dtéarmaí líon na ndaltaí a thabharfadh aitheantas don scoil dar le Mac Fhearghusa agus Ó Conchubhair araon.¹⁰¹ É sin ráite, bhí na rialacha fós ina mbac. Dúradh i bplécháipéis Gaelscoileanna thart fán ama chéanna ‘ní mheallann rialacha na Roinne Oideachais bunú bunscoileanna nó iar-bhunscoileanna Gaeilge. D’fhéadfaí dul chomh fada le rá go bhfuil rialacha in aghaidh a leithéid de scoileanna beaga.’¹⁰² Mar bharr ar an deacracht, is cuimhin le Mac Fhearghusa dul isteach go dtí an Roinn Oideachais i mBaile Átha Cliath i samhradh na bliana 1978. Dúirt duine darbh ainm Ó Laoch, príomhoifigeach sa roinn as Brosna i gContae Chiarraí, leis “tar anseo anois agus míneoidh mé duit... ní bhunaíonn an roinn scoileanna.” Ba fúthu féin a bhí sé an t-éileamh sin a chruthú.¹⁰³ D’éirigh leo an t-éileamh sin a chruthú agus osclaíodh Scoil Mhic Easmainn i bhfómhar na bliana 1978 i seomra a thug Comhaltas Ceoltóirí Éireann dóibh i bhfoirgneamh darbh ainm

98 Agallamh.

99 Agallamh.

100 Agallamh.

101 Agallamh le Pádraig Mac Fhearghusa; agallamh le Dawn Ó Conchubhair.

102 Plécháipéis Gaelscoileanna, 1977.

103 Agallamh.

Dúchas House ar Shráid Edward ar an mbaile.¹⁰⁴ Bhí 21 pháiste acu an chéad lá agus beirt nó tríúr as gach clann. Is cuimhin le hÓ Conchubhair go raibh sé ‘deacair chun na tuismitheoirí a choimeád le chéile, ach bhíodar an-dhílis... mar bhí scoileanna áille sa mbaile agus scoileanna maithe.’ Ag labhairt ar na tuismitheoirí sna 1980í, ‘Chuimhníos [go minic] ar na daoine a sheas leis an scoil. Tá sé *fashionable* anois. Ach na daoine sin a thug... *you can’t give more than your child to a project, you know. You’re giving the dearest thing you have and their education is so important. It’s a big ask.*’¹⁰⁵ An deacracht ba mhó sna blianta tosaigh ná múinteoirí a fháil. Dhiúltaigh an roinn an dara múinteoir a thabhairt agus chuaigh Pádraig Mac Fhearghusa, Seán Seosamh Ó Conchubhair agus an tAthair Ó Murchú suas ar an traein go Baile Átha Cliath chun an cheist a leigheas. Ina dhiaidh sin bhí leithéidí Pheig de hÓra, Gobnait Nic Gearailt (ón Daingean), Clár Bric, agus Brian Cable (b’eisean an chéad mhúinteoir sa scoil) ag obair ann.¹⁰⁶

Mar a bhaineann sé leis an reiligiún, scoil Chaitliceach ab ea é, cé nár ‘chuir sin stop le héinne’ teacht. Bhí an tAthair Pádraig Ó Siochrú—‘*a great man for the Irish*’ i bhfocail Uí Chonchubhair—ar chéad bhord bainistíochta na scoile agus d’fhan ann ar feadh seacht mbliana.¹⁰⁷ Thug Ó Siochrú ‘cos istigh dúinn leis an Eaglais’ dár le Mac Fhearghusa. Nuair a chuaigh sé féin agus gníomhaithe eile ar thoscaireacht go dtí an tEaspag Mac Conmara ‘bhí sé siúd an-tuisceanach. Níor chruthaigh sé aon fhadhbanna dúinn.’ Tarraingíonn Mac Fhearghusa aird ar an stair a bhain leis an nós sin. ‘Bhí an próiseas mar a bhí in 1831—chaithfeá pátrún nó duine a raibh stádas acu sa phobal mar thacaí chun a rá leis an gcóras stáit gur daoine iontaofa atá anseo.’ Aithníodh Conradh na Gaeilge mar an grúpa a chuirfeadh ainmneacha an bhoird bainistíochta ar aghaidh. Thug Mac Conmara an cead sin don Chonradh, ach sagart amháin a bheith ar an mbord. Ní raibh fadhb ag na tuismitheoirí leis sin óir ‘gan dabht is Caitlicigh iontaofa ab ea formhór mór—ní hiad ar fad—ach oiread formhór mór na ndaoine a bhí ag cur a bpáistí chugainn ar aon nós.’¹⁰⁸

104 *Kerryman*, an 7 Iúil 1978.

105 Agallamh.

106 Agallamh le Dawn Ó Conchubhair.

107 Agallamh.

108 Agallamh le Pádraig Mac Fhearghusa.

Ag tús an togra agus de réir mar a chuaigh na blianta ar aghaidh bhí tábhacht leis an tiomsú airgid. An ról ba mhó a bhí ag Dawn Ó Conchubhair ná ‘bailiú airgid agus bheadh *raffles* againn. Bhí gach duine an-*supportive*... Bhí *captive audience* againn. Ag tabhairt do chárta agus fiche ainm?? [air] agus punt an líne. Theastaigh uaidh Brian Cable, céad mhúinteoir na scoile, halla drámaíochta a thógáil agus bunaíodh Coiste an Halla agus rinneadh díolachán cácaí agus gnímh éagsúla chun an t-airgead sin an fháil.¹⁰⁹ Tháinig fadhbanna eile chun cinn go luath chomh maith, cosúil le heaspa suíomhanna buana. I ndiaidh don scoil a bheith ar an bhfód ar feadh cúpla bliain cuireadh ar shúile bhaill Chomhairle Uirbeach Thrá Luí go raibh an Roinn Oideachais tar éis moill a chur ar cheannach suíomhanna ar an mbaile do Scoil Mhic Easmainn. D’aontaigh an roinn go raibh an t-airgead de dhíth ar an scoil don suíomh ach thuairiscigh an *Kerryman* nár thug an roinn aon mhaoiniú go fóill. Ba léir go raibh an plean i mbaol nuair a chuir cléireach an bhaile in iúl nach bhféadfaí an suíomh a choinneáil go buan gan í a bheith díolta.¹¹⁰ Mar a dúirt Dawn Ó Conchubhair nuair a ceistíodh í faoi pholaiteoirí na háite—leithéidí Tommy Mac agus Dick Spring—‘níor chuireadar isteach orainn,’ ach ar an lámh eile ghlac sé dhá bhliain déag suíomh a fháil.¹¹¹ Ar éirigh leis an scoil an Ghaeilge a spreagadh i measc an phobail i ndiaidh a bunaithe? Bhí ranganna Gaeilge curtha ar fáil ar feadh na mblianta ar mhaithe le Gaeilge na dtuismitheoirí a fheabhsú—‘Do bhí. Do bhí ranganna dos na tuismitheoirí. Dianchúrsa! Bhí sé dian [GÁIRE],’ arsa Ó Conchubhair.¹¹² Ar an lámh eile, mar a mhíníonn Mac Fhearghusa:

Leagamar an-bhéim i gcónaí ar chlós na scoile, féachaint an bhféadfaimis dul i bhfeidhm ar na tuismitheoirí chomh maith chun go labhraidís níos mó Gaeilge. Ach is baolach ar shlí, nuair a chuireann tuismitheoirí páistí óga chugat, nuair a théann siad amach ag obair agus a fhad is atá na páistí sona, tá siad san sásta agus sin sin. Tá sé deacair pobal Gaeilge a thógáil. Is dócha gurb é an fhadhb i dTrá Lí ná—baile ina bhfuil fiche go fiche cúig míle duine—go bhfuil an-chuid eagraíochtaí ann agus go mbíonn daoine páirteach sa rud seo agus sa rud siúd... tá sé deacair airm na Gaeilge a thionól agus a

109 Agallamh.

110 *Kerryman*, an 10 Iúil 1981.

111 Agallamh.

112 Agallamh.

thiomsú agus a thabhairt le chéile gach aon oíche.¹¹³

Agus Scoil Mhic Easmuinn cóngarach go leor don Ghaeltacht rud amháin a rinneadh nár gur cruthaíodh naisc eatarthu. Thógadh Brian Cable na páistí siar go Dún Chaoin agus d’fhanfaidís i dtithe na ndaoine i rith an tsamhraidh.¹¹⁴ Bhí buntáistí eile leis an nasc sin. ‘Do bhraitheamar i gcónaí,’ arsa Mac Fhearghusa, ‘—go raibh muintir na Gaeltachta thiar an-shásta i gCorca Dhuibhne—go rabhamar mar shaghas cosaint don Ghaeltacht féin. Go bhféadfadh daoine sa Ghaeltacht a rá “bhuel tá daoine istigh i dTrá Lí atá sásta an fód a sheasamh ar son na Gaoluinne.”¹¹⁵

113 Agallamh.

114 Agallamh le Dawn Ó Conchubhair.

115 Agallamh.

CAIBIDIL 4:

SCOIL SANTAIN, TAMHLACHT, 1979

AMHAIL TRÁ Lí bhí daonra Thamhlachta tar éis a bheith ag borradh le linn na 1970í. Mheas Seán Ó Murchú agus é ag scríobh faoi Thamhlacht ar *Combar* in 1983 gur chuir an daonra ollmhór seo—a mhéadaigh ó 3,000 duine in 1969 go 65,000 sa bhliain 1983—le fadhbanna sóisialta an cheantair. Ní raibh na bunseirbhísí riachtanacha ann chun pobal a chothú agus bhí dífhostaíocht fhorleathan sa cheantar. ‘De dheasca na bhfadhbanna seo,’ ar sé, ‘tá drochphoiblíocht faighte ag Thamhlacht agus in aigne an phobail is dainséarach an áit í le siúl tríd.’ Labhair Ó Murchú le hoibrí sóisialta sa cheantar, Mervyn Ennis, a thagair do na deacrachtaí ar leith a bhí ann leis na ‘mílte lánúin ó chúlra ísealaicmeach lár na cathrach.’ Ba ghnách leo siúd ‘gach áis siopadóireachta agus a leithéid i ngiorracht dhá chéad slat uatha. Tá siad san caillte go minic sna heastáit mhóra neamhphearsanta i dThamhlacht.’ Mar sin féin bhí rath ar Scoil Santain, agus 255 dhalta ag freastal ar an scoil a bunaíodh in 1979. Ba í Máirín Ní Bhroin, ó Chontae Chill Mhantáin, príomhoide na scoile. Mhínigh sé go raibh ‘meascán an-sláintiúil de leanaí ó aicmí éagsúla ag freastal ar an scoil.’ D’admhaigh sí go raibh ‘fadhbanna baile ag roinnt mhaith de na leanaí, go háirithe de thoradh [na] dífhostaíochta.’ Dúirt sí, áfach, go raibh ‘an-suim ag na tuismitheoirí sa scoil.’¹¹⁶

Ach cé go raibh ag éirí go maith leis an scoil in 1983 ainneoin deacrachtaí sóisialta an cheantair, ba i lár na 1970í a tháinig an smaoineamh chun cinn chun Scoil Santain a bhunú agus níor bhóthar éasca a bhí ann ach oiread. Ba dhuine de na bunaitheoirí é Cathal Ó Luain, a d’fhás aníos i lár na cathrach ar Shrath an Iarthair. Níor tógadh é le Gaeilge agus ní raibh aon Ghaeilge ag a mháthair, cé go raibh cúpla focal ag a athair a bhí ina státseirbhíseach sa Roinn Cosanta ar Shráid Mhaoilbhríde. Bhí sé áisiúil mar sin go bhfreastalódh sé féin agus a dheirfiúr ar na scoileanna lán-Ghaeilge a bhí ar an tsráid chéanna—Scoil Cholmcille agus Scoil Bhríde—agus dá bharr seo bhí Gaeilge aige ó bhí sé 5 nó 6 bliana d’aois. Chuaigh sé ar aghaidh go Coláiste Mhuire, cé go raibh a athair ag iarraidh go bhfreastalódh sé ar Scoil na mBráithre ar Shráid an Phiarsaigh mar go raibh sé níos cóngaraí. Ach bhí cuid dá chairde ag dul go Coláiste Mhuire—Colm Ó Muir-

116 *Combar*, Iml. 42, uimh. 11, Samhain, 1983, 12.

cheartaigh, Tomás Ó hUallacháin (bhí a athair ina Aide de Camp ag De Valera), Alan Dukes (a bhí ina ceannaire ar Fhine Gael ar ball), agus Cormac Ó Gráda (staraf i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath ina dhiaidh sin). Mar sin ghéill a athair, cé go raibh táillí níos mó i gceist le Coláiste Mhuire. ‘Íocadh iad amantaí agus níor íocadh iad amantaí eile,’ mar a deir sé. Is cuimhin leis go raibh an cultúr go maith i measc na mBráithre. Bhí feachtas mór ann nuair a bhí seisean i lár na ndéaga i gColáiste Mhuire chun halla a thógáil dá gcuid féin. Bhíodh ceoldrámaí acu ann, is amharclann a bhí ann. Daoine ó na bruachbhailte inmheánacha—Rath Maoinis, Raghmallach agus mar sin de—ba mhó a chuir a bpáistí go Coláiste Mhuire. Bhí mac le TD, Lynch, ansin, a thiontaigh amach ina scríbhneoir. Bhí cuid mhaith de na déagóirí ag labhairt Béarla nuair nach raibh na bráithre thart agus ní raibh sé cairdiúil leo sin. Ba bhuntáiste an Ghaeilge i dtéarmaí fostaíochta. ‘Luaigh mé m’athair ansin. Is duine a bhí ag obair leis a dúirt go mbeadh sé go maith do na páistí insan stát nua dá mbeadh Gaeilge acu, agus chomh maith leis sin bhí sé an-áisiúil dó (GÁIRE).’ Ní raibh sé ina dhíograiseoir sna déaga ach nuair a shroich sé aois a hocht déag thosaigh sé ‘ag léamh agus ag ceannach páipéirí.’ Léigh sé alt i bpáipéar dar teideal *Aiséirghe* ‘faoi chomh tábhachtach is a bhí sé d’ainm a úsáid i nGaeilge. Agus sílim gur léirigh sé cas an Phiarsaigh ansin, an cas cúirte lena raibh seisean bainteach.¹¹⁷ Ach is ina dhiaidh sin a thosnaigh mé ag smaoineamh agus ag éirí gníomhach i gcúrsaí Gaeilge.’ Thart faoin ama céanna, agus é ag dul ar Choláiste na hOllscoile chun tabhairt faoi chéim san innealtóireacht, d’athraigh sé a ainm ‘go hoifigiúil go Gaeilge,’ rud a rinneadh trína bhreith a athchlárú. Lasmuigh de chúrsaí Gaeilge bhí baint aige le The Dublin Flatdwellers Association agus ACRA—the Association of Combined Residents Associations sna 1960í. Bhí baint aige le cúrsaí Gaeltachta chomh maith agus phós sé Caitlín Maude in 1969. Thiomáin sé siar go Conamara i Vauxhall Vector—a bhris síos ar an mbealach—chun tacú le Peadar Mac an Iomaire agus Gluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta an bhliain chéanna. An bhliain dár gcionn, 1970, bhásaigh Máirtín Ó Cadhain agus bhí seisean ar dhuine den seisear a d’iompar a chónra ar Shráid Uí Chonaill. Fuair a athair bás in 1972 agus d’éag a mháthair in 1973. Ina dhiaidh sin—agus le cabhair

117 Cás cúirte inar chosain an Píarsach Niall Mac Giolla Bhríde, fear gnó as Dún na nGall, in 1905. Féach, mar shampla, *The Irish Times* 17ú Bealtaine 1905.

ardú pá agus pá aisghníomhach a tugadh dó sa phost innealtóireachta a bhí aige leis an mBord Soláthair Leictreachas—bhog sé amach ón gcathair go bruachbhaile Thamhlachta.¹¹⁸

Tógadh agus d'fhás Breandán Mac Cormaic aníos sa Bhreatain Bheag. Saolaíodh é i Learpholl agus tógadh é trasna na teorann i mbaile darb ainm Connah's Quay. Ní raibh aon Bhreatnais san áit agus ba bhruchbhaile de Merseyside é i ndáiríre, áit ar oibrigh a athair agus a mháthair i monarcha ollmhór cruach. Tháinig sé go hÉirinn chun dul go Coláiste na hOllscoile i mBaile Átha Cliath, áit a ndearna sé stair agus polaitíocht, agus fuair sé deontas chuige sin. D'éirigh leis áiteanna a fháil in ollscoileanna Shasana agus ba 'duine den Acht Oideachais '48 i Sasana' é, ach theastaigh uaidh cur faoi in Éirinn. Mar a mhíníonn sé 'i gcónaí bhí spéis agam i stair na hÉireann. [Tógadh mé] mar Éireannach i Sasana—as Éirinn mo bheirt tuismitheoirí—agus [tógadh mé] sa chomhthéacs Caitliceach freisin. Rud a chiallaigh go raibh an-cheangal idir sin agus a bheith i d'Éireannach agus bhí mé curtha go laethanta saoire go dtí mo ghaolta i gCill Mhantáin.' Is cuimhin leis go ndúirt sagart 'an-leathanaigeanta' a bhí ag múineadh a chuid '*A-levels*' dó go raibh botún á dhéanamh aige filleadh ar Éirinn mar gheall ar an gcultúr coimeádach a bhí i réim. Ach is cuimhin leis go raibh athrú ann sna 1960í. Bhí an teilifís ann, bhí Seán Lemass mar Thaoiseach, bhí oscailteacht nua ann agus borradh geilleagrach. É sin ráite 'bhí na heaglaisí fós lán go doras, le gach saghas duine, gach saghas aoise' agus 'bhí greim freisin ag an Eaglais ar Choláiste na hOllscoile.' Nuair a bhain sé a chéimeanna i mBaile Átha Cliath rinne sé iarchéim, máistreacht, in Ollscoil Sussex agus ina dhiaidh sin chuaigh sé ag múineadh ar feadh bliana san Eilvéis. Phós sé a bhean, Máire, in 1970 agus iad fós ar an ollscoil—eisean 22 bliain d'aois agus ise 21. Ní cuimhin leis féin mórán frith-Éireannachais agus é i Sasana—bhí glór Sasanach aige agus bhí sé laistigh den chóras scolaíochta Caitliceach i Sasana áit a raibh Éireannaigh i réim. Ach is cuimhin lena bhean, Máire, gur ghlaigh Sasanaigh Phrotastúnacha a bhí ina múinteoirí '*Irish wogs*' ar Éireannaigh nuair a bhí sí ag múineadh i scoil ban rialta. Cibé ar bith, bhí an claonadh ag Breandán teacht ar ais go hÉirinn agus a gcuid páistí a thógáil mar Éireannaigh. D'oibrigh sé i Londain ar feadh tamaill ach d'fhill an bheirt acu ar Éirinn in 1973. Chuir siad fúthu i dTamhlacht agus tho-

saigh sé ar an nGaeilge an tráth sin. Fuair Breandán jab mar mhúinteoir i gceardscoil go dtí 1979 nuair a chuaigh sé ag obair leis an gcomhlacht GM Williams.¹¹⁹

Leagadh dúshraith Scoil Santain nuair a bunaíodh Cumann Gaelach Thamhlachta in 1975. Bunaíodh an Cumann sa Fox's Covert i dteach tábhairne Molloy's ar phríomhshráid an tsráidbhaile agus reáchtáladh ciorcal comhrá rialta ann. Tháinig an cumann le chéile ón mbun aníos ar bhealach orgánach, seachas trí eagraíocht ar bith.¹²⁰ Mar a luann Mac Cormaic:

Bhunaíomar an Cumann Gaelach mar eagraíocht neamhspleách, mar ní raibh an íomhá chomh dearfach sin ag an gConradh. Bhí Cathal bainteach leis an gConradh ach níor bhrú sé an rud... chuaigh an Chumann Gaelach isteach níos déanaí mar chraobh den Chonradh. Ach ag an tús, mise go háirit, ag breathnú siar air... bhí an íomhá an-diúltach faoin gConradh (i measc) lucht na Gaeilge. Sa Ghaeltacht, ní raibh an Conradh fréamhaithe sa Ghaeltacht agus is cosúil nach raibh ariamh.¹²¹

D'eagraigh cara le Cathal Ó Luain, fear darb ainm Gerry Ó Dúda, cruinniú poiblí agus tháinig Breandán Mac Cormaic agus Brian Mac Cormaic, a bhí ina ghrianghrafadóir, chuige sin. Bhí muintir Uí Fhaogáin, a bhí ag cur fúthu in eastát Bancroft, bainteach leis an gcumann chomh maith. Bhí cónaí ar fhorhmór bhaill an Chumainn i dtithe úra a tógadh i mbruachbhaile Thamhlachta.¹²² Reáchtáladh cruinnithe rialta i bPríóireacht Thamhlachta agus bhí daoine eile ar nós Tony Uí Léaneacháin, agus an Athar Ben Mac Cionnaithe as Muineacháin i láthair. Bhí Breandán Mac Cormaic ina chathaoirleach an chéad bhlaiain ach ní raibh Gaeilge aige, mar sin bhí na cruinnithe i mBéarla ar feadh tamaill, ach chabhraigh na ciorcail chomhrá leis feabhas a chur ar a chuid Gaeilge. Reáchtáladh oícheanta sóisialta, 'scoraíochtaí' mar a glaoth orthu, thuas i nGleann na Smól i dteach le fear darb ainm Tom Jones. Ba chuimhin le seanmhuintir Thamhlachta an Ghaeilge sa ghleann agus d'áitigh fear amháin nach raibh ach Gaeilge ann in 1918. Bíodh sin fíor nó ná bíodh, bhí Jones báúil don teanga. Mar is cuimhin le Mac Cormaic: 'Bhí an teach seo ag Tom. Scoraíocht a ghlaomar air

119 Agallamh le Breandán Mac Cormaic.

120 Agallamh le Cathal Ó Luain.

121 Agallamh.

122 Agallamh le Cathal Ó Luain.

agus bheadh muid ag dul suas ansin, déanach go leor agus bheadh tae agus gach rud agus bhí saghas cistin aige a bhí ollmhór—agus tá's agat an saghas teach seo atá caite le chéile... ach bhí an fear chomh flaithiúil. Ní raibh focal ar bith Gaeilge aige.' Fear eile a thug an-chúnamh ná Pádraig Ó Snodaigh, a bhí ina Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge ó 1970 i leith, a tháinig amach go Tamhlacht chun tacú le hiarrachtaí an chumainn. Mar a deir Mac Cormaic:

Duine amháin a thug an-tacaíocht dúinn... mar a bhain sé leis an gCumann Gaelach agus an Ghaeilge, duine a bhfuil an-mheas agam air, cara liom é, Pádraig Ó Snodaigh. Mar nuair a bhí na hoicheantaí againn ar an Déardaoin, nuair a bhí Pádraig—léiríonn sé seo chomh uasal is atá an fear sin—cé nach rabhamar mar chraobh den Chonradh thiocfadh sé amach ar an Déardaoin chun an chomhrá seo, le bheith páirteach linn, chun cabhrú linn, go praiticiúil, chun Gaeilge a fhoghlaim. *Now* ní raibh Cathal ag foghlaim na Gaeilge, bhí mise ag foghlaim na Gaeilge, agus tháinig sé agus bhíodh sé ann go rialta... ag an gcomhrá sin sa Fox's Covert.¹²³

Chuaigh an Cumann Gaelach i mbun oibre chun Scoil Santain a bhunú fad is a bhí na himeachtaí rialta sóisialta á reáchtáil. Thosaigh Mac Cormaic ag labhairt Gaeilge lena mbean nuair a saolaíodh a chéad pháiste, Aoife, in 1975. Ní raibh scoil sa cheantar agus ní fhéadfaidís dul go Ráth Cúil ar bhonn praiticiúil. 'An spreagadh a bhí ann ná spreagadh na Gaeilge,' arsa Mac Cormaic, 'ach spreagadh pearsanta freisin. Go mbeadh scoil ann dár leanaí... Sin an rud a chuireann daoine ag obair, an bhfuil fhios agat? Tá an spreagadh ginearálta maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn, ach an rud a chuireann *oompf* leis ná go mbeidh do pháistí féin ag dul ann.'¹²⁴ Theip orthu Scoil Santain a bhunú in 1977 ach tháinig Tomás Mac Gabhann ar cuairt go Mac Cormaic oíche amháin agus dúirt sé 'ná héirígí as, leanaigí ar aghaidh, leanaigí ar aghaidh,' rud a thug an-spreagadh. Thosaigh an scoil sa phríóireacht agus bhí siad ann ar feadh téarma le Taintí Mac Donncha agus Deirdre Ní Dhomhnaill ag múineadh ann.¹²⁵ Ina dhiaidh sin thuairiscigh an *Irish Press* go raibh cruinniú poiblí sa phríóireacht i dTamhlacht ag lucht bunaithe Scoil Santain ar an 22 Feabhra 1979. Ba iad Cumann Gaelach Thamhlachta, a bhí ina chraobh áitiúil de Chonradh na Gaeilge faoin am, a d'eagraigh an cruinniú. D'fhreastail ionadaithe ó scoileanna lán-

123 Agallamh le Breandán Mac Cormaic.

124 Agallamh.

125 Agallamh.

Ghaeilge eile sa cheantar máguaird ar an gcruinniú. Ina measc bhí daoine ó na scoileanna i mBaile Hearman, Baile Munna, Baile Bhlaínseir, Ráth Cúil, Baile na Manach, Raghmallach, Inse Cóir agus Dún Dro-ma. Beartaíodh nach mbeadh táillí ar bith le íoc ag na tuismitheoirí, ach d'fháiltigh an scoil rompu cabhrú le feachtais mhaoinithe, óir ní bheadh an scoil ag fáil aon chabhair ón gciste paróiste.¹²⁶ Is cuimhin le Cathal Ó Luain gur tháinig Mícheál Ó Muircheartaigh amach go dtí an Spawell. Labhair sé go han-mhaith agus 'chuaigh (sé) i gcion ar dhaoine.'¹²⁷

Ag tús an fheachtais agus i ndiaidh dóibh canbhasáil sa cheantar bhí líon na dtuismitheoirí ceart go leor, mar sin díriodh ar cheist an tsuímh. Is cuimhin le Cathal Ó Luain a bheith istigh leis an gcomhairle contae áitiúil agus iad ag moladh dó labhairt leis an Eaglais Chaitliceach óir ba iadsan a rinne an phleanáil faoin áit a rachadh scoileanna de réir mar a bhí ceantar ag forbairt. Bhí deacracht ann suíomh a aimsiú, ach d'éirigh leo ceann a fháil ar Bhóthar an tSeanbhábhúin agus osclaíodh an scoil in 1979. Labhair Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Albert Fry, ag oscailt oifigiúil Scoil Santain. Rinne sé cáineadh ar an Roinn Oideachais as an easpa pleanála sa roinn i leith na scoileanna lán-Ghaeilge. Bhí Aire na Gaeltachta, Donncha Ó Gallchobhair, i láthair ag an oscailt chomh maith. Thagair seisean don tábhacht a bhí ann scoil lán-Ghaeilge a chur ar an bhfód i mbruachbhaile mór de chuid na hardchathrach—mhaígh an t-aire go léireofaí tábhacht na Gaeilge don saol mór dá réir.¹²⁸ Bhí abhantrach sách fairsing ag an scoil an tráth a raibh sé ar Bhóthar an tSeanbhábhúin agus páistí ag teacht ón gceantar máguaird. Ina dhiaidh sin bhog suíomh na scoile go dtí Bóthar na hAbhann Móire, a bhí lonnaithe i lár eastát de chuid na Comhairle Contae darb ainm Eastát na hAbhann Bige. Bhí bunscoil náisiúnta Bhéarla sa cheantar sin agus foirgneamh ann cheana ach bhí laghdú ag teacht ar líon na ndaltaí. De réir mar a d'fhás Scoil Santain, cuireadh roinnt de na ranganna sinsearach isteach i bhfoirgneamh na scoile Béarla. De réir a chéile tugadh an scoil iomlán do Scoil Santain. Chuaigh an scoil Bhéarla in éag go hiomlán agus thosaigh na daoine áitiúla ag cur a bpáistí chuig an nGaelscoil. Mar is cuimhin le hÓ Luain

126 *Irish Press*, an 20 Feabhra 1979.

127 Agallamh.

128 *Carn: a link between the Celtic nations*, Uimh 28, Geimhreadh 1979, 15.

‘rinne sé scoil eastáit seachas scoil Thamhlachta as Scoil Santain.’¹²⁹ Ní gan freasúra ó mhúinteoirí na scoile náisiúnta Béarla a tharla sé seo agus is cuimhin le Mac Cormaic gur éirigh rudaí ‘beagáinín gránna leis na múinteoirí.’ Ach bhí scoil eile Béarla, Dominic’s, béal dorais a bhí na múinteoirí agus daltaí in ann bogadh chuici, bhí Scoil Santain ag fás agus ‘bhí an rud loighciúil, so fuaireamar [an foirgneamh].’¹³⁰

Ba chúnamh é agus Scoil Santain ag tosú amach go raibh comhréiteach ar leith i dtaobh an bhoird bainistíochta a chabhraigh leis an scoil feidhmiú go daonlathach. Ba scoil Chaitliceach a bhí ann i dtaobh an éitis de ach, mar a deir Ó Luain ‘bhí socrú le hArd-Easpag Bhaile Átha Cliath go nglacfadh seisean le hainmniúchán an chathaoirligh agus ionadaí an easpaig ó lucht a bunaithe. Níor tharla sé sin le Gaelscoileannaí eile timpeall na tíre, díreach chuir an t-easpag áitiúil a ainmniúchán féin isteach. Ach bhí sé de bhuntáiste ansin sna scoileanna a bhí ag forbairt sna bruachbhailte thart ar Bhleá Cliath go raibh sé sin ann.’¹³¹ Is cosúil go raibh tacadoirí na hEaglaise buartha faoin socrú seo nó d’aithin siad gur laghdaíodh smacht na hinstitiúide sin. Scríobh Fiachra S. Ó Dubhthaigh ar *Combar* maidir le ‘dualgas na cléire i ngnóthaí na Gaeilge.’ Thug sé suntas don athrú a bhí tagtha ar chúrsaí oideachais agus na boird bhainistíochta anois i bhfeighil ceapacháin múinteoirí do scoileanna seachas na sagairt. Ach, mhaígh sé go raibh daoine i mBaile Átha Cliath, ‘a raibh a gcreideamh ag fuarú nó gur ghlac siad athmhisneach nuair a chuaigh tionchar na sagart Gaelach i bhfeidhm orthu.’ I dteannta na sagart sin áiríodh: Pádraig Ó Fiannachta, Diarmaid Ó Laoghaire, Piaras Ó Dúill, Mícheál Mac Gréil, Máirtín Ó Braonáin, Colmán Ó hUallacháin agus an Cairdinéal Ó Fiaich.¹³²

Buntáiste eile le Scoil Santain ba ea go raibh braisle mhaith de mhúinteoirí Gaeltachta ann. Taintí Mac Donncha—fear a tháinig as clann drámaíochta i gConamara—a bhí ar an gcéad Phríomhoide sa scoil agus ‘bhí seisean go han-mhaith mar phríomhoide,’ a mhíníonn Ó Luain, ‘bhí sé ann an chuid is fearr de trí bhliana.’ Bhí sé mar aidhm múinteoirí Gaeltachta a fhostú dá mba rud é go raibh siad ar fáil,

129 Agallamh.

130 Agallamh.

131 Agallamh.

132 *Combar*, Iml. 39, uimh. 9, Meán Fómhair 1980, 13-15, 17.

agus fostaíodh Áine Ní Shíthigh as Corca Dhuibhne agus Deirdre Ní Dhomhnaill as Conamara. Bhí Donnachadh Ó Faogáin, nár bh as an nGaeltacht dó ach a bhí mar bhall den Chumann Gaelach, ina phríomhoide ar feadh seala ina dhiaidh sin.¹³³

Bhí sé ar intinn ag Cathal Ó Luain go gcruthófaí pobal Gaeilge i dTamhlacht lasmuigh de gheataí na scoile. Ba cheist í seo a bhí á hionramháil aige agus dream darb ainm Comhluadar a bhí gníomhach ag tús na 1970í i mBaile Átha Cliath. An aidhm a bhí ag an dream sin ná baile Gaeilge a thógáil sa chontae.¹³⁴ Ghlac 15 nó 16 chlann páirt sna hiarrachtaí agus dúirt go mbeidís sásta teacht le chéile sa bhaile dá mbunófaí é. Bhí leithéidí bhaintreach Joe Uí Chadhain, deartháir Mháirtín Uí Chadhain, Deasún Breathnach, agus an Dr Seán Ó Cléirigh páirteach. Reáchtáladh ceolchoirm i Halla na Saoirse ar ar fhreastail 300 duine chun an tionscadal a spreagadh. Dáileadh bileogaí agus bailíodh airgead. Cuireadh an coincheap chomh fada le haitire a mhaígh go mbeadh 2,000 duine ag teastáil sa bhaile chun go gcuirfí seirbhísí riachtanacha isteach sa bhaile. Ina dhiaidh sin, in 1973, cuireadh cáipéis chuimsitheach le chéile agus ceistneoir chomh maith. Ach ba rud amháin é an coincheap a chur le chéile, rud eile suíomh a aimsiú agus mioncheisteanna maidir le húinéireacht na dtithe aonaracha sa bhaile a réiteach. Tacáíocht pholaitiúil a bhí de dhíth, rud nár tháinig, agus cé go raibh an t-arm ag díshealbhú talún sa chathair níor mhair an grúpa ná an togra thar dheireadh na 1970í.¹³⁵

Ní nach ionadh mar sin go ndearnadh iarrachtaí líon na gcainteoirí Gaeilge i dTamhlacht a mhéadú tar éis bhunú Scoil Santain. Reáchtáil Caitlín Maude dianchúrsa Gaeilge do na tuismitheoirí. ‘Agus tháinig roinnt clann chun cinn le Gaeilge líofa... Ina measc sin bhí Tony Ó Léanacháin. Bhí Gaeilge mhaith ag a bhean, Rose, mar ba as Ciarraí di siúd agus ba as lár na cathrach do Tony agus bhí cónaí orthu siúd ar bhóthar an tSeanbhábhuin,’ mar is cuimhin le hÓ Luain. D’fhreastail Séamas agus Monica Uí Bheoláin ar an dianchúrsa céanna—bhí Monica ag cabhrú le Scoil Santain trí bheith i mbun glantóireachta istigh sa scoil tráth a raibh an t-airgead gann i gcónaí agus obair dheonach den

133 Agallamh.

134 Foinse Comhluadar.

135 Agallamh le Cathal Ó Luain.

sórt sin de dhíth go géar. Shealbhaigh clann Uí Bheoláin an teanga agus thug í dá páistí, agus bhí clanna eile ar éirigh leo sin a dhéanamh a bhí bainteach leis an scoil, ach deir Ó Luain go raibh ‘cur i gcéill’ i measc clanna eile a bhí ag Béarlóireacht agus ag ligean orthu féin go raibh an teanga sa teaghlach nuair nach raibh.¹³⁶ Áitíonn Mac Cormaic go ndearnadh botúin mar go raibh siad ag súil go mbeadh na múinteoirí ag cothú na Gaeilge i measc na bpáistí lasmuigh d’am na scoile, ach ag breathnú siar air ní fhéadfaí a bheith ag súil leis sin.¹³⁷ Agus céard faoi thionchar Scoil Santain amach ansin? I dtuairim Mhic Cormaic:

An rud is mó faoi Scoil Santain, a dhéarfainn, ná... an oiread sin múinteoirí a d’fhostaigh muid... ar éirigh leo a bheith ina bpríomhoidí. Mar shampla, bhí Áine Nic an tSithigh a d’éirigh as Lios na nÓg an bhliain seo caite, tá [Mícheál] Ó Broin... ina phríomhoide i Sligeach, tá bean i gCúlóg a bhí i Scoil Santain... bhí Treasa Ní Chinnéide... Séamus Ó Muirí a bhí mar phríomhoide i gCill Choca... bhí seisear nó seachtar acab... Léiríonn sé sin gur fhostaíomar daoine go raibh cumas iontu... Bhí córas againn go ndearnamar iarracht agallamh a chur ar an méid agus is féidir. Bheadh b’fhéidir cúigear nó seisear déag gur chuireamar agallamh orthu...

Luaigh Cathal Ó Luain an tionchar a bhí ag Scoil Santain le tús a chur le tógáil na Gaelscolaíochta i gceantar Thamhlachta trí chéile. Bunaíodh Scoil Chaitlín Maude in 1985, i gceantar faoi mhíbhuntáiste, Cill an Ardáin, ina dhiaidh sin. Bhí Tony Ó Léanacháin lárnach i mbunú na scoile agus tháinig leithéidí Chiarán Uí Fhinneadha ó Chraobh Leamhcán de Chonradh na Gaeilge amach chun bileoga a scaipeadh agus bhí Pádraig Ó Duibhir, a bheadh ina phríomhoide ar an scoil tar éis dó a bheith bunaithe, páirteach san fheachtas chomh maith. Chuaigh Ó Léanacháin ar aghaidh ansin agus bhí lámh aige i mbunú Gaelcholáiste sa cheantar, Coláiste de hÍde, áit a múineann mac leis go fóill.¹³⁸

136 Agallamh.

137 Agallamh.

138 Agallamh le Cathal Ó Luain; Comhrá le Pádraig Ó Duibhir.

CAIBIDIL 5:

AG GLUAISEACHT I DTREO NA GAIRMIÚLACHTA,
1979-1980

FAOI DHEIREADH NA 1970í bhí buíon mhaith scoileanna lán-Ghaeilge ann. Nuair a reáchtáladh cruinniú cinn bliana Gaelscoileanna 1979 ar an gCeathrú Rua bhí, mar a mhíníonn Ní Fhearghusa, ‘trí oiread an tinrimh ann is a bhí blianta eile.’ Bhí ionadaithe ón nGaeltacht agus ón iar-Ghaeltacht i láthair agus ón mbunleibhéal agus ón dara leibhéal. Ceapadh feidhmeannach nua, Conall Ó Móráin, a bheadh fostaithe go lánaimseartha le cabhair an mhaoinithe a fuarthas an bhliain roimhe sin. Ba as teaghlach Gaeilge i mBaile Átha Cliath é Ó Móráin. Chuaigh sé i mbun oibre le díograis. Sheol sé ceistneoir amach chuig gach scoil in 1979 ag lorg eolais ar na fadhbanna a bhí acu. Thairg Ó Móráin cabhair ar na scoileanna agus mhínigh sé go dtacódh sé leo agus go mbeadh sé sásta taisteal chucu, dá mba ghá.¹³⁹ Pleadh na gnáthcheisteanna—maoiniú, cóiríocht, téacsleabhair agus saorthaisteal—mar aon le ceist an phainéal a cíoradh don chéad uair go poiblí. An rud a bhí sa phainéal ná painéal ath-implonaithe múinteoirí a mbainfí leas as chun múinteoirí a bhogadh ó scoil go scoil nuair a thitfeadh líon na bpáistí i scoil ar leith. Ba é Pádraig Mac Fhearghosa a d’ardaigh an cheist; bhí ar Ghaelscoileanna glacadh le múinteoirí gan caighdeán maith Gaeilge de bharr rialacha phainéal na deoise. Toghadh coistí na gcúigí go léir, seachas Ulaidh. Is cosúil nach raibh ionadaithe ó Ulaidh i láthair.¹⁴⁰ Ardaíodh ceist an mhórphobail ag an gcruinniú. Bhí Aire na Gaeltachta, an Teachta Dála Donncha Ó Gallchobhair, i láthair agus chuir Bean Mhic Mheanmain ceisteanna air a bhain leis an mórfhobal thart ar Scoil an tSeachtar Laoch. Thagair sí don imirce ón gceantar agus do na modhanna a d’úsáid an chomhairle áitiúil tithe a sholáthar. Mhol sí chomh maith go gcuirfí airgead ar fáil do mhonarchana sa cheantar chun dul i ngleic leis na rátaí arda dífhostaíochta ann—rud a dhiúltaigh Ó Gallchobhair go bhféadfadh seisean a dhéanamh.¹⁴¹

Dhírigh Conradh na Gaeilge ar staid na teanga laistigh den

139 Ní Fhearghusa, *Gaelscoileanna*, 24.

140 *Ibid.*

141 Miontuairiscí ar chruinniú cinn bliana Gaelscoileanna, an 24 Samhain 1979,

chóras oideachais trí chéile ag ardfheis na heagraíochta in 1979. Cháin Uachtarán an Chonartha, Pádraig Ó Snodaigh, an rialtas as cúlú na Gaeilge sna bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna Béarla ina aitheasc ardfheise i gCaiseal i samhradh na bliana úd.¹⁴² Bhí na ceisteanna a d'ardaigh an *Black Paper* an bhliain roimhe sin fós gan réiteach. D'ardaigh *Comhar* ceist an Pháipéir Dhuibh arís i dtreo dheireadh na bliana. 'Tá ocht mí anois ann ó foilsíodh an Páipéar Dubh,' a scríobhadh. Agus, cé gur 'tugadh roinnt poiblíochta don Pháipéar Dubh sin ar na meáin chumarsáide,' bhí amhras ann 'ar tharla rud ar bith taobh istigh de dhóirse na Roinne Oideachais dá bharr?'¹⁴³ Ina aitheasc chuir an Snodach fáilte roimh fhógra an Aire Barry go mbunófaí rannóg speisialta sa Roinn Oideachais chun staid na teanga ag gach aon leibhéal den chóras a mheas. Bhí dóchas le baint as an dul chun cinn a deineadh i mbunú scoileanna lán-Ghaeilge, dar leis, ach go háirithe na scoileanna i gceantair lucht oibre amhail Baile Munna, Béal Feirste agus Inse Chór. Bhí súil aige, chomh maith, go mbunófaí tuilleadh scoileanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ar nós Scoil Mhic Easmuinn.¹⁴⁴

Faoi 1980 bhí Tomás Mac Gabhann éirithe as a bheith ag feidhmiú ar bhonn íochta le Gaelscoileanna ag leibhéal an stáit. Is cosúil go raibh sé fós ina bhall, ach, ina nótaí pearsanta a breacadh ar chúl clár cruinnithe cinn bliana amháin thart faoi 1980, bhí sé soiléir go raibh deireadh lena bhaint le heagrúchán inmheánach na heagraíochta.¹⁴⁵ Bhí obair duine den ghlúin úr a tháinig ina áit, Conall Ó Mórán, faoi lán seoil sa bhliain 1980. Scríobh Ó Mórán agus Mícheál Ó Muircheartaigh, a bhí in uachtarán deonach, chuig an Roinn Oideachais chun na fadhbanna a bhí ag na Gaelscoileanna a chur in iúl. Cé gur luadh sa litir go raibh dul chun cinn déanta maidir leis an nGaelscolaíocht ó bhí 1978 ann bhí tuilleadh le déanamh. An tráth sin reáchtáladh cruinniú idir Gaelscoileanna agus an tAire Oideachais, John Wilson, agus beartaíodh feabhas a chur ar chúrsaí maidir le suíomhanna na scoileanna, na scéimeanna caipitlíocha agus an coibhneas idir múinteoirí agus daltaí. Ach, faoi 1979, bhí Gaelscoileanna ag éileamh go réiteofaí éigeandáil na

142 *Evening Echo*, an 12 Bealtaine 1979.

143 *Comhar*, Iml. 37, uimh. 11, Samhain 1978, 3.

144 *Evening Echo*, an 12 Bealtaine 1979.

145 Nótaí fánacha le Tomás Mac Gabhann breactha ar chúl clár ón mbliain c.1980.

dtéacsleabhar, go mbunófaí rannóg ar leith sa roinn don Ghaelscoilaíocht, agus go dtabharfar aird ar líon beag na n-iar-bhunscoileanna a mhúin trí Ghaeilge.¹⁴⁶ Anuas air sin, bhí obair thábhachtach ar bun ag Ó Móráin ag tacú le fás na scoileanna lán-Ghaeilge. Bhí sé i dteagmháil le Pádraig Mac Fhearghusa i dTrá Lí agus leis an tSiúr Eibhlín, Cnoc na Labhras, Luimneach, maidir le Gaelscoileanna a neartú in Iarthar na Mumhan.¹⁴⁷ Thuairiscigh *The Kerryman* in Aibreán na bliana 1980 ar chruinniú eagraíochtúil Gaelscoileanna a reáchtáladh san International Hotel i gCill Airne. Scríobhadh go raibh ‘cuma níos éifeachtaí á cur ar an eagraíocht i gCúige Mumhan.’¹⁴⁸ Ba le linn ré Uí Mhóráin in 1980 a tosaíodh ar na scoileanna lán-Ghaeilge a chlárú, ar tháille £1, leis an eagraíocht Gaelscoileanna chun aontacht na gluaiseachta a chothú.¹⁴⁹ Thairis sin, d’fheidhmigh Ó Móráin mar chineál idirghabhálaí idir an roinn agus na Gaelscoileanna. D’éirigh leis fadhbanna deontais, rúnaíochta agus cóiríochta a réiteach ar son roinnt scoileanna san iar-Ghaeltacht agus sa Ghaeltacht.¹⁵⁰

Ba chostas nua agus costas mór a bhí i bhfostú Uí Mhóráin. Mar a rianaítear i gcuntas ioncaim agus caiteachais le Cisteoir Gaelscoileanna, Aindrias Ó Scolaí, ba é tuarastal an eagraí náisúnta agus an fheidhmeannach lánaimseartha an caiteachas ba mhó le linn na tréimhse úd—caitheadh £6,847 ar thuarastal an eagraí agus caitheadh £1,449 ar na costais taistil a bhain lena phost. Bhí an eagraíocht ag brath ar Bhord na Gaeilge chun costais reatha a chlúdach. Thug an Bord os cionn £10,000 do Ghaelscoileanna. Thar chostas thuarastal Uí Mhóráin, caitheadh beagnach £1,000 ar na cruinnithe cinn bliana le dhá bhliain anuas. Tugadh roinnt airgid do na scoileanna chomh maith agus d’ócáidí eile amhail lá spóirt a eagraíodh i mBaile Átha Cliath chun na naisc idir na Gaelscoileanna a fhorbairt. Faoi dheireadh 1980 bhí

146 Mícheál Ó Muircheartaigh agus Conall Ó Móráin chuig an Roinn Oideachais, 1980, 2.

147 Pádraig Mac Fhearghusa, Scoil Mhic Easmainn, Trá Lí chuig Conall Ó Móráin, an 5 Márta 1980.

148 *Ibid.*

149 Miontuairiscí Choiste Riartha Gaelscoileanna, an 13 Meitheamh 1980, 2.

150 Tuairisc an Fheidhmeannaigh do chruinniú Gaelscoileanna, an 10 Márta 1980; Tomás Mac Gabhann, Rúnaí Gaelscoileanna go Aodh Ó Canainn, Príomhfheidhmeannach Bhord na Gaeilge, an 30 Eanáir 1979.

fiacha £1,046 ag Gaelscoileanna.¹⁵¹ Go deimhin, sna blianta roimhe sin bhí an eagraíocht ag feidhmiú ar an ngannchuid. I nóta príobháideach buíochais a scríobh Tomás Mac Gabhann chuig an mBráthair Ó Néill, Uachtarán Choláiste Mhuire, as an bhfoirgneamh a sholáthar do chruinnithe de chuid an choiste riartha luaigh sé ‘murach na háiseanna a cuireadh ar fáil... ní fhéadfadh muid an eagraíocht a reáchtáil ar feadh 6 bliana ar £140.00 ar fad.’¹⁵² Fiú agus an maoiniú ardaithe a fuair Gaelscoileanna le blianta beaga anuas agus an t-eagraí náisiúnta amháin a bhí acu, níor leor é. Ba ghearr go raibh an eagraíocht ag lorg maoinithe d’fhoireann bhreise. Ba rud riachtanach na poist bhreise seo faoi dheireadh 1981 dá mbeadh ‘an córas le leathnú go dtí gach contae sa tír idir bhunscolaíocht agus iarbhunscolaíocht.’¹⁵³ Ní thiocfadh an t-airgead sin ón Roinn gan bhrú. In 1980, scríobh an tAthair Sayers, Rúnaí Oifigí na Deoise, chuig an Roinn Oideachais sa bhliain 1980 mar gheall ar chás Choláiste Íosagáin. Ba é an easpa maoinithe don scoil a bhí ag dó na geirbe aige. Theastaigh uaidh go n-ardófaí an deontas do chostais na scoile ó 85% go figiúr níos airde. Ach chaith freagra Sheáin Uí Mhathúna, Rúnaí Cúnta na roinne, solas ar mheon státseirbhísigh na linne sin. ‘*In the present financial climate,*’ a dúirt sé, ‘*I am not too hopeful that we could increase the percentage of the grant.*’¹⁵⁴ Ba sa chomhthéacs seo a chuaigh Ó Móráin i dteagmháil le Comharchumann Íde Naofa Teoranta a bhí bunaithe i bhFaing, Contae Luimnigh, a raibh airgead i dtaisce acu agus iad báúil don Ghaelscolaíocht. Scríobh Risteard Mac Siacuis ar ais chuige ag tairiscint idir £15,000 agus £20,000. Ach ba léir go raibh Mac Siacuis buartha faoin gcaoi a gcaithfí an t-airgead. Sa mhullach air sin, ní raibh uaidh coiste Chomharchumann Íde Naofa, ‘go bhfaigheadh na Coimisinéirí Ioncaim a gcrúba air.’ Theastaigh ó Mhac Siacuis go mbeadh coiste airgeadais buan ag Gaelscoileanna, seachas go mbeadh maoiniú á scaipeadh thart fá choistí scoileanna nach raibh ‘buan, seasmhach nó incheangailte mar a bheadh comharchu-

151 Cuntas ioncaim agus caiteachais Gaelscoileanna na bliana féilire, 1980.

152 Tomás Mac Gabhann chuig an mBráthair Ó Néill, an 17 Samhain 1981.

153 Tomás Mac Gabhann, Uachtarán Gaelscoileanna chuig Con Hough, an Roinn Oideachais, Nollaig 1981, 3.

154 S. Ó Mhathúna, Rúnaí Cúnta na Roinne Oideachais chuig an Athair C. Sayers, Nollaig 1980.

mann nó gnólacht rialta ar bith eile.¹⁵⁵

Fad is a bhí nómshaireacht agus cultúr Gaelscoileanna ag athrú ag leibhéal an stáit, leanadh leis an leathnú agus na feachtais ón mbun aníos i roinnt mhaith ceantar. Ba é Inse Chór ba mhó a luadh sna meáin trátha an ama seo. Thuairiscigh an *Irish Press* i Mí Feabhra 1980 go raibh ‘an baol ann go gcuirfear deireadh’ le scoil lán-Ghaeilge Inse Chór. ‘Is é bun agus barr na faidhbe go bhfuiltear ag iarraidh an ceathrú rang a chur ar fáil agus nach bhfuil an spás ann dóibh,’ a dúradh sa nuachtán. Bhí halla le hEaglais na hÉireann ar Bhóthar Inse Chór in úsáid ag an triúr múinteoirí agus na seasca dalta a bhí ann ó 1977.¹⁵⁶ Rinne an *Irish Press* cur síos ar an halla a bhí in úsáid: ‘*The 120-year-old corrugated iron structure was unsuitable, with the noise there intolerable, no play space.*’¹⁵⁷ Bhí suíomh ag Droichead na hInse i seilbh Oifig na nOibreacha Poiblí a bhí feiliúnach don scoil, ach dhiúltaigh Aire Stáit na Roinne Airgeadais, Tomás Mac Alastraim, don iarratas a chuir bord bainistíochta na scoile isteach ar an láthair.¹⁵⁸ I mí an Mhárta scríobh bord bainistíochta na scoile litir oscailte chuig an *Irish Press* ag impí ar Oifig na nOibreacha Poiblí an cinneadh a aisiompú. Dúradh sa litir gur ardaigh an cinneadh ‘*a question as to the genuineness of the present government’s commitment to the language.*’ Ba léir don bhord—ina measc Art Ó Briain (cathaoirleach), Seán Ó Flannabhra, Seán Mac Mathúna (rúnaí), Máire Uí Raghallaigh, Detta Uí Bhriain, Máire Ní Chanáinn agus an tAthair Tomás Ó Duinn—gurb é an suíomh folamh ag Droichead na hInse an t-aon cheann feiliúnach sa cheantar.¹⁵⁹ Ar an 24 Márta chuaigh thart ar thríocha dalta agus an méid céanna tuismitheoirí ón scoil ar agóid lasmuigh de cheanncheathrú Oifig na nOibreacha Poiblí ar Fhaiche Stiabhna. Reáchtáladh ‘scoil scairte’ mar agóid chomh maith. Shuigh na daltaí ar chéim an fhoirgnimh agus chan siad amhráin ar nós *Peigín Leitir Mhór*. Bhí clár dubh acu chomh maith agus brainse de scaitheach acu mar fhoscadh. Labhair Seán Mac Mathúna leis an *Irish Press* agus mhínigh sé go ndúirt Oifig na nOibreacha Poiblí leis an

155 Ristead Mac Siacuis, Comharchumann Íde Naofa Teo. chuig Conall Ó Móráin, an 11 Feabhra 1980.

156 *Irish Press*, an 27 Feabhra 1980.

157 *Irish Press*, an 2 Iúil 1980.

158 *Irish Press*, an 27 Feabhra 1980.

159 *Irish Press*, an 20 Márta 1980.

mbord bainistíochta nach raibh sé mar pholasaí acu talamh a thabhairt in aisce. Mar sin féin, is ar an Roinn Oideachas a thit an dualgas talamh a cheannach do na scoileanna lán-Ghaeilge. D’áitigh sé nárbh ann ach ‘*a matter of transferring the land from one Government department to another*.’¹⁶⁰ Bhí cuma dhuairc ar an scéal óir níor ghealladh ach ‘aitheantas sealadach’ don scoil in 1977 agus iad fós gan seasmhacht oifigiúil. Theastaigh ón Roinn go léireodh an bord leanúnachas ó thaobh na bainistíochta de agus ó thaobh an éilimh de. Cé gur léiríodh é sin, nuair a chuaigh an bord bainistíochta ag plé le hOifig na nOibreacha Poiblí faoin suíomh in 1979 fuarthas amach nach raibh an roinn tar éis aitheantas oifigiúil a thabhairt don scoil go fóill agus gur chruthaigh sé sin fadhb lena hachainí. Tugadh aitheantas oifigiúil in Eanáir 1980, ach ní dharna sé puinn difríochta d’Oifig na nOibreacha Poiblí.¹⁶¹

Lean an raic in Inse Chór ar aghaidh isteach sa samhradh nuair a dhiúltaigh an Roinn Oideachais go gcuirfí an scoil ar an suíomh úd ar an mbonn go raibh sé róbhag. Dúradh gur suíomh acra amháin a bhí ann agus nár leor é sin. Dhá acra an tairseach a bhí de dhíth. Chuir Seán Mac Mathúna ar shúile an *Irish Press*, áfach, go raibh thart ar dhosaen de na Gaelscoileanna i mBaile Átha Cliath ag an am ar shuíomhanna a bhí níos lú ná dhá acra. Chreid Art Ó Briain nach raibh an roinn sásta díol as costas an suíomh de bharr go ndeachaigh costais an mhargaidh in airde. ‘*We are being pushed from pillar to post and frustration has built up*,’ a dúirt sé leis an *Press*. Thagair sé chomh maith don ‘*militant mood among parents*,’ nach nglacfadh leis go gcuirfí deireadh leis an scoil. Ainneoin an mhéid sin bhí Oifig na nOibreacha Poiblí fós diongbháilte gur chóir an talamh a úsáid do ‘*recreational facilities*’ amháin. Theastaigh ón roinn go mbogfaí an scoil go háitreabh a bhí le spáráil i scoil Bhéarla a bhí cóngarach, ach ba léir do bhord bainistíochta na scoile nach mbeadh sé sin feiliúnach.¹⁶²

Ba ghearr gur scaip coincheap na scoileanna lán-Ghaeilge isteach sna contaetha a bhí buailte ar theorainn Bhaile Átha Cliath. Bunaíodh Scoil Chualann i mBré, Cill Mhantáin roimhe sin in 1977, ach bunaíodh Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh, Co. Chill Dara, in 1979, Gaels-

160 *Irish Press*, an 25 Márta 1980.

161 *Irish Press*, an 2 Iúil 1980.

162 *Ibid.*

coil Éanna, an Uaimh, Gaelscoil na Cille, Cill Dhéagláin, Co. na Mí in 1981 chomh maith le dhá scoil i gCúige Lú an bhliain chéanna, Gaelscoil Dhún Dealgan agus Scoil Aonghusa, Droichead Átha. I gcás Ghaelscoil Éanna san Uaimh tuairiscíodh sa *Meath Chronicle* in 1980 gur fhorbair coincheap na scoile ó chruinniú de dhaoine áitiúla i Márta na bliana 1979 a bhí ‘*impressed with the success of the Irish speaking schools recently set up in Dublin.*’¹⁶³ Thug Cumann Lúthchleas Gael i gContae na Mí cabhair mhór do Ghaelscoil Éanna trí sheomra coiste faoi sheastán i bPáirc Tailteann san Uaimh a chur ar fáil ar chíos réasúnta nuair a thosaigh sé amach ar dtús in 1980. Anuas air sin, mar a luadh sa *Meath Chronicle*, tháinig tairiscintí cúnaimh isteach ‘*both financial and otherwise... from local industry and the business community.*’ Agus an ghluaiseacht os cionn deich mbliana ar an bhfód agus caighdeán na scoileanna lán-Ghaeilge ó thaobh an oideachais de níos soiléire do thuismitheoirí, tháinig na buntáistí sin chun cinn mar ghné bhreise i rogha scoile don pháiste. Dúradh sa *Meath Chronicle* faoi bhunú Ghaelscoil Éanna, ‘*the school appears to be the brainchild of no one individual in particular, but rather the collective view of a group of parents who felt they would like their children to be fluent (in) the first official language of the state.*’ Agus san alt céanna luadh gurb é ‘*one of the big attractions of the new school is the fact that, at present at least, the pupil/teacher ratio is so low. With most of the schools in the country with large ratios, the attraction of the Navan school is evident.*’ Labhair tuismitheoir amháin, Mary McDevitt, leis an nuachtán; ‘*it’s small so the child gets far more attention: but I would like my child to be fluent anyway,*’ ar sí. Luaigh McDevitt, lena chois sin, go mbeadh an Ghaeilge ina buntáiste agus a páiste ag lorg fostaíochta sna rannóga rialtais.¹⁶⁴

Sa Ghaeltacht, bhí cás na dtéacsleabhar—téacsleabhair Bhéarla—ina chnámh spairne le linn na tréimhse seo. I nuachtlitir a d’fhoilsigh Gaelscoileanna in Aibreán 1979, rinneadh tagairt don oideachas sa Ghaeltacht agus an bhuaire a bhí ann go raibh iar-bhunscoileanna ‘ag úsáid téacsleabhair Bhéarla i gcásanna go raibh leabhair ar fáil dóibh i nGaeilge.’ Dúradh go bhfuair Gaelscoileanna ‘cruthú cinnte’ de seo i gcás Scoil an Bhaile Nua i gContae na Gaillimhe. Chun dul i ngleic leis seo chuir an eagraíocht ‘comhairle ar na múinteoirí agus an coiste tuismitheoirí agus ordáíodh téacsleabhair Ghaeilge don scoil ó

163 *Meath Chronicle*, an 20 Meán Fómhair 1980.

164 *Meath Chronicle*, an 27 Meán Fómhair 1980.

Chomharchumann Chois Fharraige.’ Ba thoradh dearfach é seo ar an obair, óir thug múinteoirí na scoile ‘fá deara go dtáinig athrú mór ar dhearcadh na bpáistí faoin Ghaeilge agus in atmaisféar na scoile tar éis dóibh na téacsleabhair a athrú.’ Scríobhadh gur ‘obair í seo a chaithfear a leanúint ar fud na Gaeltachta.’¹⁶⁵ Pléadh staid Scoil an Bhaile Nua agus staid bhunscoileanna Ghleann Fhinne i dTír Chonaill ag cruinniú de chuid Choiste Riartha Gaelscoileanna thart faoin am céanna.¹⁶⁶ Ag cruinniú cinn bliana Gaelscoileanna in 1979 bhí ceist na dtéacsleabhar sa nGaeltacht fós ag dó na geirbe. Thug Pádraig Ó hAoláin, a bhí mar bhainisteoir ginearálta ar Chomharchumann Chois Fharraige agus Cló Chois Fharraige, tuairisc ar an bplean a bhí ag an gcomharchumann tuilleadh téacsleabhar a fhoilsiú.¹⁶⁷ Ó dheas, bhí bánú na tuaithe ag déanamh buartha do Mrs Lehane, Príomhoide Scoil Náisiúnta Chúil an Bhuacaigh, a scríobh chuig an *Southern Star* i bhfómhar na bliana 1980. Cé go raibh borradh ag teacht faoi na Gaelscoileanna sna ceantair uirbeacha, mhínigh sí go raibh a scoil féin i mbaol a dúnta de bharr easpa tacaíochta. Chuir sí in iúl don pháipéar nach raibh baol ann go gcuirfeadh múineadh na Gaeilge isteach ar shealbhú an Bhéarla.¹⁶⁸ Ba léir, áfach, go raibh bearna theagmhála idir pobal na Gaeltachta agus gluaiseacht na Gaelscolaíochta. In 1980 chuir an Bráthair Ó Néill rún chun cinn sa bhliain 1980 inar luadh ‘an neamhaird ag Raidió na Gaeltachta ar chruinniú cinn bliana Gaelscoileanna.’¹⁶⁹ Bheadh impleachtaí ag an mbearna seo d’fhorbairt na Gaelscolaíochta sa Ghaeltacht ar ball.

Má bhí an teagmháil leis an nGaeltacht gan mórán téagair, bhí na naisc leis na Sé Chontae sách láidir go fóill. Thug toscaireacht Gaelscoileanna cuairt ar Bhunscoil Phobal Feirste i Nollaig na bliana 1980. Dúradh i miontuairiscí de chuid an choiste riartha gur iarr Gaelscoileanna £1,000 an mhí ar Bhord na Gaeilge chun cabhrú leis an scoil agus go seolfá sin ‘trí chiste Gaelscoileanna.’ Bhí costais £30,000stg in aghaidh na bliana ag an scoil, agus bhí Conradh na Gaeilge ag tabhairt

165 Nuachtlitir Gaelscoileanna, an 30 Aibreán 1979.

166 Miontuairiscí Choiste Riartha Gaelscoileanna, an 30 Bealtaine 1977.

167 Miontuairiscí ar chruinniú cinn bliana Gaelscoileanna, an 24 Samhain 1979, 3.

168 *Southern Star*, an 20 Meán Fómhair 1980.

169 Miontuairiscí ar chruinniú cinn bliana Gaelscoileanna, an 15 Samhain 1980, 10.

£5,000stg ina threo sin. Labhair Tomás Mac Gabhann le hAlbert Fry maidir le cabhair a fháil don scoil. Beartaíodh freisin go scríobhfaí chuig ‘gach scoil lán-Ghaelach ag míniú chúlra na scoile i mBéal Feirste agus ag iarraidh orthu go mbaileoidh siad airgead lena haghaidh.’¹⁷⁰ Bhí comhoibriú ar sheimineár á reáchtáil ar cheist na dtéacsleabhar i nGaeilge idir muintir Bhéal Feirste agus Gaelscoileanna agus sheol lucht Bhéal Feirste ceistneoir chuig na Gaelscoileanna uilig sna Sé Chontae Fíchead chun eolas a bhailiú chuige sin.¹⁷¹ Le linn shamhradh 1981 thairg muintir Ghaeltacht Bhaile na Finne an coláiste samhraidh do mhuintir Bhéal Feirste ‘le cúrsaí samhraidh a reáchtáil ann agus an brabús a choinneáil don scoil.’¹⁷²

170 Miontuairiscí Choiste Riartha Gaelscoileanna, an 6 Feabhra 1981, 1.

171 *Ibid.*, 3.

172 Miontuairiscí ar chruinniú idir Gaelscoileanna agus muintir Ghaeltacht Thír Chonaill, Scoilphobal Gaoth Dobhair, 5 Meitheamh 1981, 8.

CAIBIDIL 6:

TEANNAS AGUS DEIGHILT PHOLAITIÚIL, 1981

FAD IS A BHAIN sé le saol na Gaeilge in 1981 bhí neart díospóireachta ar Pháipéar Bán agus an Plean Gníomh a d'éisigh Fine Gael in 1980/1981. In Eanáir 1981, thuairiscigh an *Evening Echo* go raibh Conradh na Gaeilge chun ráiteas cuimsitheach mar gheall ar na foilseacháin a eisiúint gan mhoill. San alt céanna tharraing an Conradh aird ar theip an rialtais i leith an deontais 100% a ghealladh do Ghaelscoileanna ó 1977 ar aghaidh. Dúradh go raibh ceithre bliana caite ó shin agus nár tugadh deontas dá leithéid do Ghaelscoil ar bith a chuaigh i dteagmháil leis an Roinn Oideachais á lorg.¹⁷³ Bhí díomá ar *Combar* faoin méid a bhí sa pháipéar bán. Bhí moltaí go leor le fáil ann maidir le pleanáil don oideachas Gaeilge, acmhainní a chur ar fáil dó agus taighde a dhéanamh lena haghaidh. Ach ní raibh aon cheangal ar an roinn moladh ar bith a luadh ann a chur i bhfeidhm. 'Níl aon eolas sa Pháipéar Bán a thabharfadh le fios conas nó cathain a dhéanfar é a fheidhmiú,' a scríobhadh ar *Combar*, 'agus cé mhéad den churaclam agus cé mhéad scoileanna a bheidh i gceist.' Mar a luadh sa pháipéar féin, '*it is nowise intended that the proposals of this White Paper be regarded as rigid or inflexible.*'¹⁷⁴

D'fhoilseofaí an Plean Gníomh ar ball sna 1980í agus is ar Bhord na Gaeilge a mbeadh an cúram í a stiúradh. Ach níor dhea-thuar é d'fheidhmiú ná éifeacht an phlean a bhí sa teannas a d'éirigh idir Gaelscoileanna agus eagraíochtaí eile le linn 1981. De bhrí gur tháinig maoiniú Gaelscoileanna ó Bhord na Gaeilge rinne an Bord iarracht Gaelscoileanna a thabhairt faoina scáth níos mó thart faoin am seo. Sheol Antaine Ó Coileáin, oifigeach sinsearach i Rannóg Oideachais an Bhoird, comhfhreagras inar éiligh sé miontuairiscí míosúla agus ráithe ar obair Gaelscoileanna. Dhiúltaigh Gaelscoileanna dó seo.¹⁷⁵ Bhí deacrachtaí ann le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge chomh maith. Tá sé soiléir ó chomhfhreagras idir Tomás Mac Gabhann agus ceanasaíocht na Comhdhála, stiúrthóir na heagraíochta an Coirnéal Eoghan Ó Néill, agus an Captaen Ó Donnagáin, go raibh gníomhaíocht Mhic Gabhann ag cur isteach orthu. Cé gur mhol Mac Gabhann do

173 *Evening Echo*, an 13 Eanáir 1981.

174 *Combar*, Iml. 40, Uimh 2, Feabhra 1981, 4-5.

175 Miontuairiscí Choiste Riartha Gaelscoileanna, an 3 Aibreán 1981, 8.

Ghaelscoileanna a bheith páirteach sa Chomhdháil i lár na 1970í, faoi 1981 bhraith sé go raibh Ó Néill ag teacht salach ar dhaonlathas Gaelscoileanna. D'éirigh Mac Gabhann chomh hoibrithe faoi Ó Néill ag cur a ladar isteach i gcúrsaí Gaelscoileanna gur scríobh sé litir chuige mar gheall ar chruinniú a bhí le titim amach i Samhain na bliana 1981. Dúirt Mac Gabhann go borb nach raibh ‘aon chead agat (.i. Ó Néill) nó ag an gComhdháil labhairt ar son Gaelscoileanna anocht nó ag aon chruinniú eile go dtí go dtabharfaidh mise cead duit.’¹⁷⁶ Ba chosúil gurb í Máire Bean Uí Ghógáin a chur ina luí ar Ó Néill gan baint a bheith aige le hobair Gaelscoileanna.¹⁷⁷ Mar a mhínigh Ultán Mac Gabhann, bhí casadh dorchá sa scéal sa mhéid is gur rith Ó Néill agus Ó Donnagáin rún ag cur cosc ar Mhac Gabhann a bheith ar bhord na Comhdhála. Anuas air sin, rinneadh leatrom níos measa ná sin ar Mhac Gabhann. Ba mhinic, a dúirt Ultán, ‘go mbíodh duine acu ina sheasamh lasmuigh dá oifig tráthnóna Dé hAoine—ar eagla go n-imeodh sé luath le hobair Gaelscoileanna.’ Dá dtiocfadh Mac Gabhann ar ais déanach maidin Luain, tar éis deireadh seachtaine de ghníomhaíocht ar son na Gaelscoilaíochta, chuirfí glaoch ar a bhean chéile sa bhaile ag fiosrú cá raibh sé. An bhagairt ba mhó a rinneadh, ná gur seoladh litir chuig Mac Gabhann ag bagairt go mbrisfí as a phost é ‘mura gcuirfeadh sé srian lena chuid oibre ar son Gaelscoileanna.’¹⁷⁸

Ba léir, mar sin féin, go raibh obair dhúthrachtach ar bun ag Mac Gabhann. Bhuail Coiste Uladh de Ghaelscoileanna i bPobalscoil Ghaoth Dobhair i mBealtaine 1981, áit ar pléadh fadhb na pobalscoile féin, chomh maith le cás Phobalscoil Bhéal Feirste.¹⁷⁹ Mar léiriú ar an obair thacaíochta a rinne Mac Gabhann agus Gaelscoileanna le Pobalscoil Ghaoth Dobhair, tháinig comhfhreagras ón scoil i samhradh na bliana 1981 ag iarraidh go gclárófaí iad leis an eagraíocht.¹⁸⁰ Ina theannta sin scríobh duine as Maigh Cuilinn darb ainm Tomás dó go Mac Gabhann in 1981 ag míniú dó go raibh “saga” Bhaile Nua thart ar

176 Tomás Mac Gabhann chuig an Coirnéal Eoghan Ó Néill, Stiúrthóir Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, an 19 Samhain 1981.

177 Tomás Mac Gabhann chuig Máire Bean Uí Ghógáin, Uachtarán Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, an 23 Samhain 1981.

178 Nótaí Ultáin Mhic Gabhann, Aibreán 2021.

179 Clár chruinniú Choiste Uladh de Ghaelscoileanna, 16 Bealtaine 1981.

180 Miontuairiscí Choiste Riartha Gaelscoileanna, an 13 Meitheamh 1980, 2.

deire.’ Theastaigh ó lucht na scoile a mbuíochas a ghabháil le Mac Gabhann agus Mícheál Ó Muircheartaigh as Gaelscoileanna ‘agus do gach duine eile agaibh a rinne an tsár-obair leis an neamhspleáchas a bhaint amach.’ Sa mhullach air sin, ní raibh amhras ar bith ar Thomás ‘ach go mbeadh an scoil dúnta murach sibh. Thug sibh an misneach do na daoine leanacht ar aghaidh nuair a bhí siad in ísle brí.’¹⁸¹

Ach ba thréimhse é seo ina raibh glúin eile ag teacht chun cinn agus nuair a d’fhág Conall Ó Móráin post an eagraí chun dul ag obair le RTÉ ghlac Colm Ó Dúlacháin an ról tar éis an folúntas a bheith ann ar feadh na míonna. Is cuimhin le hÓ Dúlacháin gur tháinig Mícheál Ó Muircheartaigh, a bhí fós ina uachtarán ar Ghaelscoileanna, chuige:

ag rá go raibh an jab á fhógairt agus ar mhaith liom cur isteach air. Agus do chuir. Ach conradh dhá bhliain a bhí ann... ach ar cúis éigin níor ardaíodh an cheist, tar éis dhá bhliain, nó trí bliana. Is dócha gur glacadh leis gur jab buan a bhí ann. D’fhan mé ann is dócha go Meán Fómhair 1987. Sa tréimhse sin 1981 go 1987 bhí mé i ndáiríre mar an chéad eagraí náisiúnta agus ar feadh tréimhse ba mé an t-aon fhostaí a bhí ann. Bhí Tomás Mac Gabhann ag obair le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ach i ndáiríre bhí seisean ar fáil dom agus do thaisteal muid timpeall na tíre le chéile ag cruinnithe maidir le Gaelscoileanna a bhunú... Bhí gaolta leis féin in san Roinn Oideachais agus bhí aithne aige ar an gcóras oideachais agus conas dul a phlé le hoifigigh agus cén uair a phléann tú le hoifigigh, má théann tú ag rith chuig na meáin nó na polaiteoirí nó a leithéid. D’fhoglaím mé na bunscoileanna a bhí ag teastáil ag an am sin.¹⁸²

Nuair a thosaigh seisean in 1981 bhí fiche bunscoil lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht agus bhí caoga ceann níos mó ann nuair a d’éirigh sé as an bpost in 1987. Ba thréimhse bhorrtha é agus, anuas air sin, leagadh ‘bunphrionsabal faoi conas mar a théadh muid i mbun feachtasaíochta agus conas mar a théadh muid i mbun stocaireachta le teaghlaigh, le tuismitheoirí a thabhairt linn leis na hinstiúidí cuí maidir le cúrsaí foirgníochta agus pátrúnachta agus conas déileáil le fadbhan-na.’¹⁸³ Ba ghnách le hÓ Dúlacháin teagmháil láidir a choimeád leis na Gaelscoileanna, idir na cinn seanbhunaithe agus na cinn a bhí ag teacht ar an bhfód. I dtuairisc dá chuid i dtreo dheireadh na bliana 1981,

181 Tomás [gan sloinne luaite], Maigh Cuilinn, chuig Tomás Mac Gabhann, an 4 Samhain.

182 Agallamh.

183 Agallamh le Colm Ó Dúlacháin.

feictear gur thug sé cuairt ar go leor scoileanna agus ceantair nó bhí comhfhreagras rialta eatarthu. I measc na gceantar bhí: an Ghaeltacht Láir; Ceatharlach; Dún Garbhán; an Rinn; Cill Dhéagláin; Domhnach Míde; Droichead Átha; Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaoth Dobhair agus Baile na Finne.¹⁸⁴ Rinneadh dul chun cinn maith go dtí sin, mar a scríobh Ó Dúlacháin sa *Nationalist and Leinster Times* i samhradh na bliana 1981 ‘most especially in the East Leinster area.’¹⁸⁵ Ach theastaigh uaidh an líonra a scaipeadh níos faide i gcéin. Ba phróiseas díthreorach é seo. Bhí ceantair áirithe á spreagadh ag Ó Dúlacháin, ach i gcásanna eile ba léir go raibh bearna ann idir na scoileanna a bhí á mbunú ag an leibhéal áitiúil agus Gaelscoileanna a bhí ag feidhmiú ag leibhéal an stáit. I gcuid de mhiontuairiscí an choiste riartha sa bhliain 1981 tugadh suntas do ‘dream eile i gCill Dara ag obair le bunscoil a thosnú’ agus ‘dream eile i gCill Dhéagláin, Co. na Mí’ chomh maith le ‘scoil nua i nDroichead Átha’ go raibh ‘cuma mhaith air.’ Bhí teagmháil áirithe ag Gaelscoileanna leis na scoileanna seo, ach bunaíodh iad ón mbun aníos i ndáiríre.¹⁸⁶

De réir dealraimh bhí an gaol idir Gaelscoileanna agus an roinn le linn na tréimhse seo achrannach in amanna. Ardaíodh gearán ar an gCoiste Riartha faoi chigire amháin de chuid na roinne le linn 1981, cainteoir dúchais as Contae Mhaigh Eo. Léirítear i miontuairiscí de chuid an choiste riartha go raibh ‘an cigire seo ag nochtadh go rialta a thuairim go ndéanann na scoileanna lán-Ghaelacha dochar do leanaí nach í an Ghaeilge an teanga baile acu.’ Chruthaigh an cigire Mac Suibhne trioblóid i nGaelscoil Inse Chór agus i nGaelscoil Bhrí Chualann. Bhí Ó Muircheartaigh tar éis scríobh chuig an roinn cheana mar gheall ar iompar an chigire, ach d’ardaigh Gaelscoileanna an cheist leis an Aire Oideachais chomh maith agus rinneadh gearán oifigiúil leis an bpríomhchigire agus an t-aire féin.¹⁸⁷ Is cuimhin le hÓ Dúlacháin go raibh sé deacair gnó a dhéanamh leis an roinn trí Ghaeilge, seachas leis na hoifigigh shinsearacha. D’fhorbair tuiscint sa roinn go raibh éileamh ar scoileanna lán-Ghaeilge ann tráth a raibh scoil amháin á bunú gach bliain nó gach trí bliana. Ach insíonn Ó Dúlacháin scéal faoi

184 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Colm Ó Dúlacháin, Gaelscoileanna, Samhain 1981.

185 *Nationalist and Leinster Times*, an 10 Iúil 1981.

186 Miontuairiscí Choiste Riartha Gaelscoileanna, an 6 Feabhra 1981, 2.

187 *Ibid.*, 3.

uair a tháinig sé isteach sa Roinn:

le hocht gcinn d'iarratais lá amháin agus phléasc mo dhuine agus dúirt sé “an dtuigean tú, má ghlactar le gach ceann den ocht gcinn seo beidh ocht milliún de chostas ann, ar a laghad, chun foirgneamh a chur ar fáil dóibh sin?” agus d'éirigh teannas áirithe ag pointe éigin agus dúirt mise “tá sé de ceart ag na daoine seo oideachas trí mheán na Gaeilge a fháil dá bpáistí” agus dúirt sé “níl.” Má fhéachann tú ar riail 29, *The Rules for National Schools*, níor aistríodh sin riamh go Gaeilge, ach b'shin na rialacha a bhí ann ag an am. Tá soláthar ann “oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do theaghlach Ghaeilge,” *so* dúirt sé, “cé mhéad teaghlach Gaeilge atá ansin mar shampla i nDomhnach Míde,” ar an liosta. B'fhéidir go raibh teaghlach Gaeilge amháin ann. “Oibreoidh mé leat,” a dúirt sé, “ach ná bí ag teacht amach le ráitis gur féidir liomsa a shéanadh.” Bhí an caidreamh cineál aisteach sin ann.¹⁸⁸

Bhí teannas áirithe i saol na Gaeilge, mar a bhí sa tír i gcoitinne, de bharr an chogaidh ó thuaidh. Ag dul siar go 1977 d'éirigh achrann i measc an Chonartha i ndiaidh mharú ambasadóir na Breataine agus an oifigigh M15, Christopher Ewart-Biggs. Rinne Coiste na Cathrach den Chonradh, Baile Átha Cliath, iarracht an ruaig a chuir ar an Athair Mícheál Mac Gréil ón eagraíocht, toisc dó glacadh le duais chuimhneacháin ar son Ewart-Biggs. Bhí eagarthóirí *Comhar* ar buile. Roimh mharú Ewart-Biggs tugadh ardán do phoblachtaigh ar an iris. Ach anois d'fhógair siad ‘ní mór dúinn anseo a dhearbhu *nach* ionann guth úd Chonradh na Gaeilge agus tuairimí bhunáite Ghaeilgeoirí na tíre.’ Chreid na heagarthóirí go raibh dochar déanta ag na ‘ródhíograiseoirí úd do chúram na Gaeilge.’¹⁸⁹ Agus bhí an deighilt sin sa stát ó dheas i dtéarmaí an tseasaimh i leith chúrsaí an Tuaiscirt le sonrú i gcomhthéacs na Gaelscolaíochta chomh maith. Is cuimhin le Colma Mhic Aoidh, a bhí ag freastal ar Choláiste Íosagáin, a bheith ag agóid faoi na stailceanna ocras i mBaile Átha Cliath in 1981. Bhraith Mhic Aoidh go raibh easpa poblachtachais i gColáiste Íosagáin agus níor fhreastail ach mionlach beag dá cairde ar an agóid agus ‘ní raibh caint ar bith ann sa scoil... shíl mise gur rud iontach mór é agus bhí sé ar an nuacht ach ní raibh caint ar bith ann.’ D'fheidhmigh an scoil i mbolgóid dar léi agus ba de dheasca cúrsaí aicme é seo: ‘a lán acu tháinig siad ó *Faxrock* agus *Blackrock*... daoine ó aicme ar leith. Ní an cineál aicme ar tháinig mise uaithi, [ach] bhí na daoine iontach deas. *But* bhí comhar dúinn in

188 Agallamh.

189 *Comhar*, Iml. 36, Uimh 12, Nollaig 1977, 3.

san scoil a tháinig ó thuaisceart Baile Átha Cliath, ó Chromghlinn, bhí clann Uí Dhálaigh ar ndóigh... bhí cúpla teaghlach mar sin sa scoil.¹⁹⁰

Bhí fadhb na dtéacsleabhar ag teacht go cnámh na huillinne i rith na bliana chomh maith. Agus í ag trácht ar an bhfoilsitheoireacht don oideachas i scoileanna ‘lán-Ghaelacha’ agus Gaeltachta in 1980, scríobh Ursula Ní Dhálaigh, eagarthóir leis an Educational Company, nach fhéadfadh ‘na foilsitheoirí tráchtála tabhairt faoi scéim speisialta do na scoileanna sin, mar gur margadh an-teoranta é i dtéarmaí gnó, ach nárbh fhiú go maith don Ghúm nó do Chló Chois Fharraige é a dhéanamh le cabhair stáit?’¹⁹¹ Cé gur tharla sé sin le linn 1981, níor réitíodh an fhadhb. Bhí cruinniú ag Gaelscoileanna in Ionad na Múinteoirí i gColáiste Mhuire in Aibreán na bliana 1981. Luaigh Ó Dúlacháin gurb é ceann de na deacrachtaí ba mhó a bhí rompu ná an ganntanas téacsleabhar. Thuairiscigh an *Connacht Tribune* nach raibh ‘téacsanna i nGaeilge á gcur ar fáil ar an mórchóir ach ag an nGúm agus Comharchumann Chois Fharraige.’ Bhí an Comharchumann ag brath ar dheontais stáit agus ar dhíolacháin agus bhí an comhlacht ‘ag smaoineamh ar éirí as an bhfoilsitheoireacht... ceal airgid.’¹⁹² Tháinig fadhbanna eile chun cinn i rith na bliana maidir le clárúchán daltaí. Bhí baol ann go cuirfeadh ardú na haoise do chlárúchán do pháistí nua as don líon a thógfaí isteach sna Gaelscoileanna gach bliain.¹⁹³ B’fhadhb leanúnach í fadhb na suímh chomh maith. Thart fán ama seo d’áitigh Seán Mac Mathúna, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, gur gealladh na deontais chéanna d’aon scoil déag in 1977, ach de dheasca mhaorlathas na roinne agus Oifig na nOibreacha Poiblí nár ceannaíodh oiread is suíomh amháin faoin scéim.¹⁹⁴ I nDomhnach Míde, i mBaile Átha Cliath, bhí fadhbanna leanúnacha ann suíomh a aimsiú. D’úsáid Gaelscoil Míde halla paróiste Protastúnach i Ráth Éanna nuair a tháinig siad ar an bhfód in 1981. Ina dhiaidh sin, cuireadh foirgneamh réamhdhéanta ar thailte de chuid na heaglaise Caitlicí áitiúla ar fáil agus thug mná rialta Shiúracha na Trócaire cúpla seomra don Ghaelscoil i bhfoirgneamh

190 Agallamh.

191 *Comhar*, Iml. 39, Uimh 4, Aibreán 1980, 25.

192 *Connacht Tribune*, an 3 Aibreán 1981.

193 *Irish Press*, an 2 Nollaig 1981.

194 *Irish Examiner*, an 8 Feabhra 1982.

seanscoile acu.¹⁹⁵ Bhí streachailt fhada ag Gaelscoil Míde foirgneamh cuí a fháil. Ag pointe amháin sna 1980í, bhí ar an bpríomhoide, Ray Mac Mánaís, mar aon leis na tuismitheoirí, staighre éalaithe tine a chur isteach iad féin le linn an tsamhraidh. Ghlac sé cúig bliana is fiche ar an scoil áitreabh cuí a fháil. Creideann Patricia Griffin, agus í ag scríobh ina tráchtas ar na Gaelscoileanna, gurbh eisceacht a bhí sa chás sin sa cheantar de bharr gur i gceantar faoi mhíbhuntáiste a bhí an scoil lonnaithe. ‘Indeed, *Scoil Neasáin... by comparison spent only 3 years in temporary accomodation.*’¹⁹⁶

Ag trácht ar Ghaelscoil Míde, scríobh Liam Bairéid, Cathaoirleach Choiste Ghaelscoil Míde, chuig an *Irish Press* ar oscailt Ghaelscoil Míde i nDomhnach Míde, i bhFómhar na bliana 1981, ‘amhail gach scoil lán-Ghaelach a tháinig ar fhód na Galltacht le breis agus deich mbliana anuas, thionscnaigh tuismitheoirí an scoil seo.’ Ina theannta sin, ‘teastaíonn córas uathu a d’osclódh bealach isteach i gcultúr fairsing a ndúchais féin dá bpáistí, a chuideodh leo iad féin a thuiscint mar Éireannaigh.’ Bhí spriocanna uailmhianacha ag Bairéid a chreid ‘go bhfeicfead agus go gcloisfead Gaeilge go fada, fairsing i nDomhnach Míde deich mbliana amach anseo. Léifear í ar fhógraíocht shiopaí an lárionaid siopadóireachta. Beidh ar a laghad cuid shuntasach de na cúntóirí siopa in ann gnó an lae a dhéanamh le custaiméirí i nGaeilge. Cloisfead í ón altóir Dé Domhnaigh.’ Is cosúil gur chuidigh na heaglaisí le cás na scoile agus luaigh Bairéid ‘na (Bráithre) Críostaí, Ard-deoise Bhaile Átha Cliath agus Paróiste Ráth Eanaigh de chuid Eaglais na hÉireann.’¹⁹⁷ Bhí iarrachtaí á ndéanamh ag Bairéid comhluadar Gaelach a bhunú ó lár na 1970í. Scríobh Caitlín Maude, an file agus amhránaí iomráiteach, alt ar *Combar* ar an ábhar céanna thiar in 1975. Leag sí amach an cás ar son an chomhluadair san alt agus mhol sí do na léitheoirí tuilleadh eolais a lorg ó Bhairéid. Cé gur luaigh sí go raibh ‘an t-eolas bailithe againn sa deireadh—maidir le hailtíreacht, airgeadas agus eile,’ tá an chuma air nár éirigh leis an togra.¹⁹⁸ Nuair a scaipeadh

195 Patricia Griffin, *Dóchas is Dúchas, Hope and Heritage, Gaelscoileanna; Transforming Power and Linguistic Ideology*, Tráchtas Máistreacht, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad (neamhfhoilsiú, 2006), 43.

196 *Ibid.*, 44.

197 *Irish Press*, an 5 Lúnasa 1981.

198 *Combar*, Iml. 34, Uimh 4, Aibreán 1975, 16-17.

bileog ag moladh go gcuirfí Gaelscoil ar bun i gCeatharlach i dtreo dheireadh na bliana 1981 bhí cuid de na haidhmeanna céanna le sonrú. Luadh *‘Irish classes for adults at night and also other cultural events. The bunscoil will be more a cultural centre than just a school building.’* Dúradh freisin go mbeadh [‘atmaisféar’] Gaelach ar fáil sa scoil a spreagfaidh tuismitheoirí lena bpáistí a thógáil tré mheán (na) Gaeilge.¹⁹⁹

Shoiléirigh bileog a tugadh amach i gCeatharlach sa bhliain 1981 cúrsaí reiligiúin mar a bhain sé leis na scoileanna-lán-Ghaeilge a bhí á bunú thart fán ama seo. Mar a tuairiscíodh sa *Nationalist and Leinster Times*, *‘that while the proposed Gaelscoil would be co-educational and accept children of all religions, it would, of course [mo bhéim féin], be under the patronage of the Bishop of Kildare & Leighlin.’*²⁰⁰ Luadh na Bráithre Críostaí agus Coláiste Mhuire thuas. Tuairiscíodh ar cheiliúradh leathchéad bliain iar-bhunscoil lán-Ghaeilge na mBráithre, Coláiste Mhuire, san *Irish Press* i dtreo dheireadh na bliana 1981. Labhair Caoimhín Ó Marcaigh, iardhalta a chuaigh i mbun na foilsitheoireachta Gaeilge nuair a d’fhág sé an scoil, ag an ócáid. Mhínigh sé go raibh ‘an tír seo faoi chomaoín ag na Bráithre Críostaí... go háirithe as an dua a chaitheann siad le Coláiste Mhuire. Cruthaíonn Coláiste Mhuire gur rud beo bríomhar í an Ghaeilge.’²⁰¹ Tá léamh eile ar an scéal ag Uinseann Mac Thómais, iar-Uachtarán Gaelscoileanna. Is cuimhin leis bheith ag cruinniú amháin sna 1980í agus ‘bhí an Bráthair Ó Néill ó Choláiste Mhuire ar bhord Gaelscoileanna ag an am. Ní raibh aon aithne agamsa ar an mBráthair Ó Néill, seachas trí chomharsa liom gur scanraíodh an t-anam as de bhrí go raibh sé ag freastal ar Choláiste Mhuire faoi phríomhoideacht an Bhráthar Ó Néill. Nuair a casadh an fear seo orm bhí eolas orm aige ó mo chara agus cé gur duine fásta a bhí ionam... fuair mé mé féin ar choiste leis an bhfear seo agus dúirt mé rud éicint ag an gcoiste lá amháin agus d’ith sé na cluasa díom faoi amaideacht an ráitis a bhí déanta agam. Bhí cineál tuisceana agam ar cén saghas *regime* a bhí ann nuair a chuaigh mo chara ag an scoil.’²⁰²

199 *Nationalist and Leinster Times*, an 18 Nollaig 1981.

200 *Nationalist and Leinster Times*, an 8 Nollaig 1981.

201 *Irish Press*, an 5 Deireadh Fómhair 1981.

202 Agallamh.

CAIBIDIL 7:

COLÁISTE CHILLIAIN, CLUAIN DOLCÁIN, 1981

MAR A DÚIRT DAMIEN MAC GABHANN in agallamh leis an nuachtán ar líne *Beo* sa bhliain 2004, caithfear bunú Choláiste Chilliaín in 1981 a lonnú i gcomhthéacs na hoibre uilig a rinne Muintir Chrónáin sa cheantar roimh ré. Bunaíodh Scoil Chrónáin, Ráth Cúil, in 1975, bunaíodh Naíonra Chrónáin in 1976, bhuaigh Muintir Chrónáin an chéad áit i gcomórtas Glór na nGael sa bhliain 1977 agus bunaíodh Naíonra Chluain Dolcáin in 1979.²⁰³ Ba chuid de phróiseas a mhair an chuid is fearr de dheich mbliana é bunú Coláiste Chilliaín i gCluain Dolcáin i ndáiríre. Bhí Proinnsias Ó hAilín lárnach sa phróiseas sin ó thús na 1970í. Ba mhúinteoir é Ó hAilín i gColáiste Pháirc na Maoile, iar-bhunscoil Bhéarla i gCluain Dolcáin, agus chuir sé an Ghaeilge chun cinn ann i gClub Gaelach. Ní raibh baint aige le heagraíochtaí Gaeilge ar bith agus is cuimhin leis go n-inseodh Séamus Ó Catháin, bainisteoir ar an nuachtán *Inniu*, scéalta dó faoin aighneas a bhí eatarthu i rith na 1970í. Cé gur thacaigh Ó hAilín leis na heagraíochtaí, agus gur chreid sé go raibh feidhm agus cúis leo, chinn sé gan baint a bheith acu leo. Ba chur amú ama é a bheith ag argóint leis an rialtas—‘an sprioc a bhí agam ná mo phaiste féin.’ Tháinig seo lena bhfealsúnacht a dhírigh ar an bhféintuilleamaí ón mbun aníos agus luan sé mana na bhFeirsteach, ‘ná habair é, déan é, sa chomhthéacs seo.’²⁰⁴

Cuireadh i dteagmháil Ó hAilín le hÓ Catháin, Mícheál Ó Muineacháin agus Éamonn Ó hÓgáin ag tús na 1970í. Bhí gach aon duine i bhfabhar scoil lán-Ghaeilge ach mhol Éamonn Ó hÓgáin gur chóir pobal tacaíochta a thógáil freisin. Mar sin thosaigh siad ag teacht le chéile, mar ghrúpa lánúineacha, i dtithe a chéile agus d’fhás na hui-mhreacha. Bhí dhá príomhriail acu—go mbeadh an Ghaeilge mar theanga chumarsáide sa ghrúpa agus nach ngéillfí do dhaoine nach raibh ach Béarla amháin acu. Rinneadh iarracht chomh fada agus ab fhéidir nach ‘obair na bhfear’ amháin a bhí i gceist ach go mbeadh tacaíocht na mban céile ann i gcónaí. Bhuaillfidís gach Domhnach in Óstán an Green Isle, i dteach tábhairne an Winter Garden, mar a glaoth air ag an am, áit a mbeadh ceol traidisiúnta agus amhránaíocht ar bun.

203 Agallamh le Damian Mac Gabhann; *Beo*, Eagrán 37, Bealtaine 2004.

204 Agallamh le Proinnsias Ó hAilín.

Rinneadh iarracht tréimhsí nach n-úsáidfí Béarla a chur i bhfeidhm i measc an chomhludair agus déanadh tacaíocht do choincheap na scoile lán-Ghaeilge a spreagadh. Bliain amháin rinne siad iarracht filleadh ar an Winter Garden agus dúradh “*no*, ní theastaíonn uainn go mbeadh cáil ar an Green Isle mar céilí *house*.” Socraíodh ansin dul go dtí an Belgard ar feadh cúpla bliain ach bhí an áit rómhór, mar sin bhogadar ansin go dtí an Johnstown Inn, gar don Nás. Tháinig Nollaig Ó Cianáin, siopadóir ón Nás, agus Dónall Ó Riagáin ar bord tuigeadh ina dhiaidh sin agus bhí sé ag teacht go dtí an pointe go raibh gá ann díriú ar an bpríomhspríoc—Scoil Chrónáin. Chuaigh siad i mbun canbhasála ansin i Ráth Cúil agus Cluain Dolcáin in 1974 agus d’éirigh leo na huimhreacha a fháil. Ach, agus an scoil ar tí oscailt, is cuimhin le hÓ hAilín nach raibh an roinn tar éis an troscán a sholáthar:

Chuaigh mé féin agus Dónall agus... b’fhéidir Séamus Ó Cathasaigh isteach chun na roinne. Agus bhí an fear istigh ansin “bhuel *now* b’fhéidir agus níl fhios againn agus seans maith agus mar sin de, *but* ní bheidh sé ann do thús Mheán Fómhair... ag an bpointe sin chaill mise mo chuid foighne agus thug mé cic don bhinse agus dúirt mé “*for jaysus sake*, mura mbíonn na binsí agus na cathaoireacha ansin... bhí orm mo leithscéal a ghabhadh as focail nach raibh ró-phairliminteach, ach ar aon nós, bhí siad ann agus déarfainn murach an pléascadh b’fhéidir nach mbeadh.”

I ndiaidh do Scoil Chrónáin, Scoil Santain agus Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh i Léim an Bhradáin teacht ar an bhfód agus forbairt sa cheantar máguaird tuigeadh go raibh gá ann iar-bhunscoil lán-Ghaeilge a bhunú. Ní raibh na deacrachtaí céanna, dar le hÓ hAilín, i mbunú Cholaíste Chilláin:

Bhí sé seo i bhfad níos éasca ná bunú na bunscoile. Chuamar chun cainte—mé féin, Dónall Ó Riagáin agus Mícheál Ó Muineacháin—leis an gcoiste gairmoideachais fé mar a bhí ag an am agus mhíniomar céard a bhí uainn agus bhí Dónall tar éis a fháil amach go raibh soláthar in san Acht 1930 do na scoileanna gairmoideachais chun freastal ar “*minor interest groups*”—bhí sé sin ag díriú ar na Protastúnaigh dá mba ghá. Bhíomar in ann an chuid sin den acht a chuir fé bhráid an choiste agus dúirt siad “*yeah, okay*.” Ní raibh sé ró-(dheacair) a gcead a fháil. Chuaigh siadsan chun na roinne agus le himeacht aimsire tugadh an cead. Ach níor tugadh an cead go dtí an ceathrú lá fichhead de Mheitheamh 1981. Níor ceapadh mise [mar phríomhoide]—mar ní raibh na hagallaimh ar bun—go dtí mí Iúil agus bhí an scoil le hoscailt i mí Mheán Fómhair.

Cé go raibh sé níos éasca an t-aitheantas a fháil, is cuimhin leis go

raibh sé níos deacra na tuismitheoirí a mhealladh ag an tús. Bhí seoltaí na dtuismitheoirí aige agus chuaigh siad thart ar na doirse, ach an uair seo an freagra a fuarthas ná “*Now primary school is alright, but second level I don't know about that. How are you going to prove yourself? If you set up your school and it's going well, then maybe I might consider it for my second or my third child.*” Bíodh sin mar atá, d'éirigh leo ceathrar déag a fháil—ochtar buachaillí agus seisear cailíní. Fuair siad duine amháin ó Ghaelscoil Inse Chór, ‘b’shin Róisín Ní Bhriain, an-chailín.²⁰⁵

Tagann an méid a luaigh Ó hAilín maidir le dul i gcion ar thuismitheoirí leis an méid a deir Róisín Ní Bhriain. Agus í ag trácht ar a máthair, luann sí gur “Thóg sí saghas *leap of faith*.” Bhí Ní Bhriain tar éis freastal ar scoil Bhéarla, cé gur bhuaigh sí comórtas Gaeilge agus bhí Gaeilge aici. Is cuimhin léi nach raibh sé éasca luí isteach i dtaobh cúrsaí teangeolaíochta de ar dtús. D’fhreastail sí ar Choláiste Chilliaín an chéad bhliain ar osclaíodh é agus ní raibh mórán daltaí sa scoil. Áitíonn sí go raibh níos mó múinteoirí agus fostaithe sa scoil ná mar a bhí daltaí ag pointe amháin. Faoin am ar shroich an chéad dream an ardteist ní raibh ach deichniúr dalta fágtha. D’fhág roinnt daltaí de bharr na heaspa réimse leathan ábhar, agus d’fhág cuid eile an scoil luath chun dul ag obair nó chun printiseacht a fháil. Nuair a bhí sise ar an dara bhliain tháinig aon dalta dhéag nua isteach agus bhí 21 ar an iomlán sa scoil. Insíonn sí go raibh sé ‘fuar agus bhí *storage heaters* ann. Ní raibh a leithéid de rud agus saotharlann nó cistin nó aon rud mar sin againn. Fiú nuair a bhí muid ag déanamh ábhar mar eolaíocht nó eacnamaíocht bhaile bhí gnáthsheomra ranga againn a bhí fuar agus a bhí tais.’ Bhí sé deacair ar na múinteoirí ranganna mar sin a réachtáil a deir Ní Bhriain, atá anois ina múinteoir í féin.²⁰⁶

Ba léir go raibh Coláiste Chilliaín ar an ngannchuid agus é ag tosú amach. Níor chabhair ar bith a bhí ann go raibh polasaithe na déine á gcur i bhfeidhm sna 1980í. Bhí cáil mhaith ar an scoil de bharr an cheoil. Is cuimhin le hÓ hAilín go raibh ‘gearradh siar an-mhór ar gach uile scoil. Agus bhí ar scoileanna an clár ama a ghiorrú.’ Cé go raibh siad tacúil tríd is tríd, bhí an coiste gairmoideachais ag cur brú ar Choláiste Chilliaín éirí as an gceol, ach ‘sheasamar go han-láidir. Géill-

205 Agallamh le Proinsias Ó hAilín.

206 Agallamh.

fimid ar an-chuid rudaí ach ní ghéillfimid ar an gceol.’ Is cuimhin le hÓ hAilín príomhoifigeach ag teacht chucu agus ag rá, ‘Má chaitheann tusa pingin rua thar an mbuiséid, beidh ort é a thógáil as do phóca féin... bhí sé an-láidir “gearradh siar, gearradh siar, gearradh siar.”’²⁰⁷ Ainneoin na gciorruithe reáchtáladh oícheanta do na déagóirí ar bhonn deonach. Luann Ní Bhriain Déagóirí Chrónáin, grúpa a tháinig le chéile gach oíche Aoine nó oíche Shathairn chun cluichí a imirt agus páirt a ghlacadh i gcéilí. ‘Bhí sé iontach,’ arsa Ní Bhriain, ‘mar go raibh deis agat bualadh le daoine eile ón gceantar, do Ghaeilge a úsáid agus aithne a chur ar dhaoine ar chomhaois leat.’²⁰⁸

Maidir le fíis na scoile deir Ní Bhriain go raibh fíis Uí Ailín bunaithe ar Phádraig Mac Piarais agus Scoil Éanna agus ‘an tuairim sin go raibh meas tuillte ag gach aon duine agus nach raibh an múinteoir níos fearr ná an dalta ach go raibh comhoibriú thar a bheith tábhachtach.’ Fíis fhorchéimnitheach ab ea é, dar léi, mar ‘nach raibh an saghas teoirice sin [forbartha] ag an am. Bíonn an-chaint faoi anois ach ag an am ní hé sin an chaoi a raibh an chuid is mó de na scoileanna. Bhí mo dheartháir i scoil buachaillí, sna Bráithre Críostaí, agus bhí sé cruálach go maith.’²⁰⁹ Phléigh Ó hAilín le cúrsaí teanga agus an ‘riail Ghaeilge’ i mbealach tuisceanach chomh maith. Mhíneodh sé do dhaltá gur ‘bulaí mór í an teanga mhór. Bíonn an teanga mhór—sa chás seo Béarla—i gcónaí ag brú na teanga bige as an tslí. Mar a tharlaíonn sé nuair a bhíonn tú i mbun ranga “*what’s that in English?*” Tá siad i gcónaí ag iarraidh ..

Ó Luain: ‘Filleadh ar an mBéarla?’

‘*Yeab*, mar is í an Béarla an rud láidir istigh iontu agus tá an Béarla ag cur bac ar aon teanga eile cur isteach.’

Réitíodh fadhb an Bhéarla trí fhoireann tiomnaithe a bheith ann agus riail láidir Ghaeilge a bheith i bhfeidhm, ach riail a bhí tuisceach agus a léirigh comhbhá. Dá ndéarfaí abairt iomlán i mBéarla i bhfoisceacht éisteacht múinteora bheadh an riail sáraithe. Shuífeadh sé an dalta síos agus mhíneodh sé leo go raibh gá le polasaí láidir, go mbeadh an tionscadal ar fad i mbaol de bharr go raibh an Béarla chomh láidir agus é thart orthu sa cheol agus ar an teilifís. Deireadh

207 Agallamh.

208 Agallamh.

209 Agallamh le Róisín Ní Bhriain.

sé leo ‘ní pionós é seo, is cuidiú é chun an smaoineamh a thiomáint abhaile i do cheannsa go bhfuil dúshlán agat, go bhfuil tú páirteach in athréimniú na Gaeilge agus gur gá a bheith i do shaighdiúir láidir.’ Leis sin ráite ghlaofadh sé ar na tuismitheoirí agus shuifeadh sé síos leo. Dá dtarlódh sé an tarna huair bheadh orthu bualadh le cathaoirleach an bhoird bainistíochta agus ar an triú huair ghlaodh duine ón gcoiste gairmoideachais isteach, ach níor díbríodh páiste riamh. Bhí sé cúramach gan misneach an dalta a bhriseadh cé go scarfaí iad amach as an gcomhlúadar.²¹⁰

Ceann de na tionchair ba mhó a bhí ag Coláiste Chilllain, dar le hÓ hAilín, ná go ndeachaigh go leor iardhaltaí ar aghaidh chun bheith ina phríomhoidí ar scoileanna lán-Ghaeilge eile—Inse Chór, Gaelscoil na Lochanna agus araile. An chéad leas-phríomhoide, Cláiríneach darb ainm Caitlín Mhic Mhathúna di, agus ar chuir Ó hAilín síos uirthi mar ‘sár- sárduine,’ chuaigh sise ar aghaidh chun bheith ina príomhoide ar Choláiste de hÍde i dTamhlacht. Bhí tionchar ag Coláiste Chilllain ar leathnú amach na nGaelscoileanna agus Gaelcholáistí sa cheantar. I ndiaidh bhunú Choláiste Chilllain creideadh go raibh an t-éileamh ann do bhunscoil lán-Ghaeilge sa cheantar agus bunaíodh Gaelscoil Chluain Dolcáin in 1984. Ina dhiaidh sin bunaíodh Gaelscoil na Camóige. Bhí an oiread sin fáis ar Choláiste Chilllain agus clú agus cáil ar an scoil, a deir Ó hAilín, go raibh ar an gcoiste gairmoideachais Coláiste de hÍde a oscailt i dTamhlacht, agus tháinig Coláiste Cois Life ar an bhfód ina dhiaidh sin.²¹¹

210 Agallamh.

211 Agallamh.

CAIBIDIL 8:

COMHARTHAÍ BORRTHA ACH DÚSHLÁIN I GCÓNAÍ, 1982

D'FHOILSIGH GAEIL LINN mórpháipéar ar ghéarchéim na Gaeilge sa chóras oideachais sa bhliain 1982. I dtús an doiciméid polasaí áitiúdh nach raibh 'seasamh na Gaeilge sa chóras oideachais riamh chomh lag agus atá sé le roinnt blianta anuas, agus é sin ag tráth nuair atá sé léirithe arís agus arís eile go bhfuil bá chroíúil ag an bpobal leis an nGaeilge.²¹² An tráth céanna is a foilsíodh polasaithe Ghael Linn, bhí Comhar na Múinteoirí Gaeilge, a labhair ar son na múinteoirí Gaeltachta, ag achainí ar son oideachas Gaeilge ar leith don Ghaeltacht. D'fhoilsigh an grúpa *Bunoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht* a leag amach fíis don oideachas seo. Ghlaoigh *Combar* 'gníomh creidimh sa daonlathas' ar dhoiciméad Ghael Linn. Thagair na heagarthóirí do na coimisiúin agus tuairiscí a tháinig roimhe—*An Ghaeilge sa Chóras Oideachais*²¹³ agus *An Páipéar Bán san Oideachas*²¹⁴—ina ndearnadh moltaí nár cuireadh i bhfeidhm i riamh. Ní raibh mórán airde á tabhairt ar fhás na nGaelscoileanna in *Combar* nó bhí béim na hirise ar mheath na teanga i gcóras na scoileanna náisiúnta—"Táimid ar bhruach na haille," arsa siad, "ná bíodh an chéad choiste eile stáit a scrúdóidh ceist na Gaeilge sa chóras oideachais ina choiste cróinéara."²¹⁵ Fiú nuair a bhí Gaelscoil nua á hoscailt chinn roinnt filleadh ar cheist na teanga sa chóras oideachais ó dheas. Thapaigh comhairleoir áitiúil amháin an deis a tugadh caint leis na meáin ag oscailt oifigiúil Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc a mhíshástacht le múineadh na Gaeilge ina óige a chur in iúl. Dúirt John McNally leis an *Nationalist and Leinster Times* gur foréigean a úsáideach agus '*what little he had (was) "flogged out of him" at Leighlin school.*' Bhí casadh sa scéal, áfach, nuair a mhínigh sé don iriseoir céanna gur deineadh iarracht '*to beat it into the pupils.*'²¹⁶

Ach tháinig dea-scéal ó Dhún Chaoin nuair a fógraíodh san *Irish Press* in 1982 go raibh rath ar Scoil Dhún Chaoin agus an dara

212 *Combar*, Iml. 41, Uimh 1, Eanáir 1982, 3.

213 Comhairle na Gaeilge, 1974.

214 *Ibid.*, 1980.

215 *Combar*, Iml. 41, Uimh 1, Eanáir 1982, 4.

216 *Nationalist and Leinster Times*, an 8 Iúil 1983.

mhúinteoir le ceapadh sa scoil. Bhí Mícheál Ó Dúbhshláine, ‘fear óg díograiseach ó Chontae Chill Dara,’ ann ó aimsir an fheachtais sna luathsheachtóidí. Deich mbliana ina dhiaidh sin, bhí ceithre pháiste is tríocha ar rolla na scoile, rud a chiallaigh go raibh an tinreamh riachtanach ann don dara múinteoir. Dár leis an *Press*, ‘ina thuair dóchais do Dhún Chaoin fhéin agus don Ghaeltacht i gcoitinne.’²¹⁷ Mar sin féin, bhí scoileanna a bhíodh ag múineadh trí mheán na Gaeilge fós ag iompú ar an mBéarla le linn na tréimhse seo. I gCarraig na Siúire, d’éirigh Clochar na Trócaire, a bhí mar bhall de CNSG sna luathsheachtóidí, as a bheith ag teagasc i nGaeilge thart faoin am seo, rud a spreag Colm Ó Dúlacháin i dtreo iarracht athneartú a dhéanamh ar an teanga sa scoil agus sa cheantar máguaird sa bhliain 1982.²¹⁸ I gcásanna eile d’iompaigh scoileanna san iar-Ghaeltacht ar an nGaeilge. Tháinig scoil ar an bhfód i Maigh in iarthar Chontae an Chláir, atá lonnaithe sna sléibhte idir Inis Tiomóin agus Sráid na Cathrach, thart ar 1981 nó 1982. Míníonn Ó Dúlacháin mar a tharla sé sin:

Do tháinig an múinteoir, an príomhoide bunscoile ansin, agus dúirt sí go raibh cruinniú aici leis na tuismitheoirí agus gur mhaith leo an scoil a iompú ó ghnáthscoil náisiúnta go dtí scoil lán-Ghaeilge. Do chuir sé seo cineál alltachta ar an roinn—ní raibh an roinn ag súil leis seo—agus cuireadh cigire síos chun seo a fhiosú. Agus dúirt an cigire go mbeadh cruinniú ann leis na tuismitheoirí ar fad agus mura mbeadh 100% den phobal i bhfábhar leis seo nach dtarlódh sé agus bhí cineál imní ormsa mar an ceantar áirithe sin is ceantar é a dtagann daoine ó lasmuigh chun bheith ina gcónaí ann. Agus thuigfeá dóibh—is ceantar álainn ar fad atá ann. Bhí teaghlach ann ó thíortha eile chomh maith. Ach do thuig siadsan cad a bhí i gceist ag Úna Uí Rócháin—go ndéanfaidh Dia maith di, bean chéile le Muiris Ó Rócháin a bhunaigh Scoil Samhradh Willie Clancy... sheas siadsan léi agus tiontaíodh an scoil sin.

Iompaíodh scoil eile i dTromaire lasmuigh de Phort Laoise ina Gaelscoil. Ba é an príomhoide, Liam Ó Néill, a bhí ina uachtarán ar Chumann Lúthchleas Gael, a thiomáin an iarracht sin. Bhí an-seasamh aige sa phobal, mar a bhí ag príomhoidí i gcoitinne i gceantair bheage thuaithe an tráth sin. Thóg Ó Néill na tuismitheoirí agus na baill foirne leis. Chonaic leithéidí Uí Néill agus Uí Rócháin an borradh a bhí ag teacht ar na Gaelscoileanna agus, leis na pearsantachtaí láidre acu,

217 ‘Múinteoir eile do Scoil Dhún Chaoin,’ gearrthóg ón *Irish Press*, an 28 Meán Fómhair 1982.

218 Plean Oibre do mhí Feabhra 1982, Gaelscoileanna, Colm Ó Dúlacháin.

chinn siad a bheith mar chuid den ghluaisteacht agus den bhorradh sin. Blianta i ndiaidh do na scoileanna sin iompú ar an nGaeilge measann Ó Dúlacháin gur cailleadh deis. ‘Dá mba rud é go raibh ciall nó fis cheart againn ag an am sin,’ a deir sé, d’fhéadfaí ‘feachtas a bhunú timpeall na tíre ar ath-Ghaelú ar na scoileannaí beaga tuaithe.’²¹⁹

Ba bhliain chinniúnach é 1982 do Ghaelscoil Inse Chór. Mar a tuairiscíodh san *Irish Press* i mBealtaine na bliana sin, chualathas ‘*shouts of joy in the canteen of the Oblate Fathers*’ de dheasca ‘*an eleventh-hour Fianna Fáil coup*.’ B’fhógra Phádraig Flynn, Aire na Gaeltachta ag an am, cúis an ríméid. Bhí Flynn, mar aon le Eileen Lemass agus an Teachta Dála Liam Lawlor, ag an gcuirniú chun dea-nuacht a thabhairt don 100 tuismitheoir a bhí bailithe ann. Rinne na tuismitheoirí cinneadh roimh an gcuirniú, a thuairiscigh an *Press*, ‘*that they would vote for whichever candidate delivered the best promise for their school*.’ Gheall Flynn go lonnófar an scoil ag Droichead na hInse ar shuíomh trí acra (acra níos mó ná mar a iarradh ar dtús), go dtosódh an phleanáil ar an bpointe agus ‘*no shortage of money will affect the project*.’ Shéan Flynn go raibh baint ar bith leis an bhfóthoghchán a bhí ar tí tarlú leis an gcinneadh.²²⁰ I ndiaidh na heachtra d’áitigh John Kelly, Fine Gael, i dTeach Laighean, ‘*I have never seen such a slimy performance in my life*.’²²¹

I gcáipéis a d’fhoilsigh Gaelscoileanna go luath in 1982 gan teideal (ach gur chosúil gur preasráiteas nó meamram chuig an Aire Oideachais é) tagraíodh do na constaicí a bhain le heagraíocht a bhí ag brath an iomarca ar an deonachas. Áitíodh go raibh ‘teora leis an méid is féidir a dhéanamh tré obair dheonach le corás oideachais tré Ghaeilge a chur ar fáil don tír ar fad.’ Bhí Gaelscoileanna soiléir ar an gceist úd—‘caithfidh an stát páirt ghníomhach a ghlacadh san obair.’²²² Mar sin féin, faoi dheireadh na bliana bhraith Gaelscoileanna go raibh go leor bainte amach ag an eagraíocht agus é beagnach deich mbliana ar an bhfód. Rinneadh rianú i ndrucht den phlean forbartha cúig bliana leis an eagraíocht:

219 Agallamh.

220 *Irish Press*, an 25 Bealtaine 1982.

221 *Irish Examiner*, an 1 Iúil 1982.

222 Doiciméad Gaelscoileanna gan teideal, luath in 1982, Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Colm Ó Dúlacháin Samhain 1981.

- I. Suíomhanna íoctha ag an Roinn Oideachais do bhunscoileanna
- II. Breis deontais do bhunscoileanna
- III. Ardú deontais sna táillí (saoroidéachas) d'iar-bhunscoileanna
- IV. Ardú capitíochta do bhunscoileanna
- V. Múinteoir breise thar an gcoibhneas d'iar-bhunscoileanna
- VI. Aitheantas don eagraíocht ag an Roinn Oideachais agus Roinn na Gaeltachta mar an eagraíocht ag plé le scolaíocht trí Ghaeilge
- VII. Aitheantas mar phríomheagraíocht le hionadaíocht Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge
- VIII. Aitheantas ó Dheoise Bhaile Átha Cliath, Chiarraí, srl.
- IX. Ionadaíocht ar Chumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha.²²³

²²³ Dréachtphlean Forbartha Cúig Bliana don Eagraíocht, Gaelscoileanna, c.1982.

CAIBIDIL 9:

COLÁISTE CHÚ ULADH, AN GHAELTACHT LÁIR, 1982

NUAIR A CEAPADH COLM Ó DÚLACHÁIN mar eagraí náisiúnta ar Ghaels-coileanna in 1981 ní raibh sé tar éis chloisteáil faoin nGaeltacht Láir i riamh.²²⁴ Ba é príomhoide na scoile áitiúla Dom Mag Fhloinn a chum an téarma chun cur síos ar cheantar a bhí sách fairsing agus scaipthe ach a raibh cainteoirí dúchasacha Conallacha fós ag maireachtáil ann.²²⁵ Murab ionann agus Gaeltacht Thír Chonaill ar fearr aithne uirthi, níl an Ghaeltacht Láir cois cósta, ach is ceantar intíre í. Cuimsíonn sí trí pharóiste i lár Thír Chonaill agus tá sí thart ar chúig chiliméadar is fiche ar fhad. ‘Ba théarma beagán ar nós “Dúiche Chrónáin” a bhí ann,’ arsa Ó Dúlacháin, ‘agus i slí tá cineál de chomparáid ann, mar tá tú ag caint ar stráice cineál ó Nás na Rí isteach go Cluain Dolcáin agus b’fhéidir nach mbeadh mórán de ghaol idir na daoine sin.’ An rud a bhí ag dó na geirbe ag roinnt tuismitheoirí sa cheantar ag tús na 1980í ná go raibh:

páistí ó iarthar an cheantair, nuair a d’fhág siad an bhunscoil, ag dul chuig Scoil Chuimsitheach na nGleanntaí nó suas go dtí an Clochán Liath agus na páistí ó oirthear an cheantair bhí siad ag dul, a bheag nó a mhór, isteach go dtí Sraith an Urláir nó b’fhéidir go dtí Leitir Cheanainn. Ní raibh aon soláthar oideachais ag an dara leibhéal trí mheán na Gaeilge ar fáil don phobal Gaeltachta sin.²²⁶

Chuaigh Ó Dúlacháin agus Mac Gabhann ar cuairt go dtí an ceantar agus bhí cruinniú acu le Dom Mag Fhloinn. Ag éirí as an gcruinniú chonacthas go raibh trí rud le déanamh—a fheiceáil an raibh éileamh, patrún a aimsiú, agus ansin an pacáiste a thógáil chun na Roinne Oideachais. Chuaigh siad chuig na sé bhunscoil a bhí sa cheantar—‘thógadh sé leathlá ort taisteal thart ar an gceantar ar thóir na ndaoine sin’—ag féachaint an mbeadh príomhoidí na scoileanna tacúil. Agus ní raibh aon chur ina choinne acusan,’ arsa Ó Dúlacháin. ‘Agus táim ag smaoineamh siar daichead bliain ó shin. Ag an am sin bhí stádas nó seasamh áirithe ag an bpríomhoide bunscoile tuaithe mar oideachasóir, mar dhuine go leanfá a threoir agus go nglacfa le

224 Agallamh.

225 Glaoch gutháin le Dom Mag Fhloinn.

226 Agallamh le Colm Ó Dúlacháin.

haon mholadh a bhí aige go dáiríre. Ní raibh aon chur i gcoinne, ach a mhalairt ar fad as na príomhoidí.²²⁷

An raibh na tuismitheoirí chomh tacúil? Bhí, ach bhí siad mí-eagraithe. I dtreo dheireadh 1981 chuir tuismitheoir i mBaile na Finne picéad ar bun mar gheall ar an mbac a bhí á chur ar dhaltáí saorthaisteal a fháil chuig ceann de na scoileanna sa cheantar. I gcás amháin baineadh páiste den bhus agus sheas tuismitheoirí na bpáistí eile leo trí baghcat a dhéanamh ar an scoil ar feadh tamaill.²²⁸ Ach seachas sin, agus d'uireasa coiste, bhí na tuismitheoirí scaipthe sna paróistí éagsúla. Is cuimhin le hÓ Dúlacháin gur tharraing Gaelscoileanna na tuismitheoirí le chéile:

Bhí *pub* ansin Roth an Mhuilinn agus do thógamar coiste le chéile do dhaoine ó Ghleann Minne agus ó Bhaile na Finne. Agus bhí pearsantachtaí láidre go leor ann, ach ní raibh na coistí sin chomh láidir sin go dtí gur tháinig máithreacha a bhí ag iarraidh soláthar oideachais dá bpáistí siúd féin agus nach raibh ag iarraidh a bheith ag éisteacht le daoine ag caint faoin lá ar tháinig Breandán Ó hEithir agus *Féach* isteach deich mbliana roimhe sin nó an tAthair Colmán Ó hUallacháin. Bhí siad ag iarraidh a fháil amach cad tá sibhse a dul a dhéanamh go mbeidh oideachas á fháil ag mo pháiste féin.

Teaghlach amháin a bhí an-tábhachtach ná na Holmers. Keith Holmer, ba phóilín i Londain é. ‘Ní fhéadfá duine níos Sasanaí a fháil,’ a mhaíonn Ó Dúlacháin. Ach phós Keith Holmer bean ón gClochán agus chuaigh sé i mbun feirmeoireachta cé nach raibh taithí aige uirthi. Tháinig sé isteach ag na cruinnithe ‘*excuse me, I don’t speak a word of Irish but this is what I want for our children.*’ Agus bhí daoine eile ann den tuairim chéanna, agus thosaigh an móiminteam uaidh sin.²²⁹

Bhí Gaelscoileanna mar eagraíocht fós bainteach go láidir le cúrsaí Gaeltachta thart fán ama seo. Ag cruinniú cinn bliana 1979, mhol an tSiúr Déaglán, Scoil Chuimsitheach ar an gCeathrú Rua, ‘go mba chóir dos na Bráithre Críostaí agus na mná rialta teacht i gcabhair ar Ghaeltacht Láir Thír Chonaill le hiar-bhunscoil a bhunú.’²³⁰ ‘Ag an am sin is dóigh liom,’ arsa Ó Dúlacháin, ‘cé go bhfuil an coincheap ann

227 Agallamh le Colm Ó Dúlacháin.

228 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Colm Ó Dúlacháin, Gaelscoileanna, Samhain 1981.

229 Agallamh.

230 Miontuairiscí chruinniú cinn bliana Gaelscoileanna, an 24 Samhain 1979, 3.

anois gur eagraíocht a bhí ann do bhunscoileanna agus meánscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht agus gur sna Sé Chontae is Fiche a bhí sé, is a mhalairt a bhí ann nuair a tháinig mise. Bhí beirt den lárchoiste as Béal Feirste—Áine Andrews agus Áine Nic an Iolair—beirt a bhunaigh Pobalscoil Feirste in 1971. Bhí ionadaithe ann ó Rinn Ó Cuanach, bhí ionadaithe ann ó Chonamara, bhí ionadaithe ann ó Thuar Mhic Éadaigh. Ba chomhchoiste náisiúnta do scoileanna Gaeilge ar an dá leibhéal sa Dá Chontae is Tríocha a bhí ann.²³¹ An chéad litir a tháinig ar dheasc Uí Dhúlacháin tar éis dó an post mar eagraí a ghlacadh ba ó Bhríd Ní Dhomhnaill sa tSraith Salach é ag fiosrú faoin bhfáth nach raibh sí ag fáil tuarastal Gaeltachta. Thairis sin bhí Gaelscoileanna ag plé le scoileanna ar nós Chúl an Bhúcaigh i gCorcaigh agus Mín na Manrach sna Rosa chun iad a choimeád ar oscailt agus an Roinn Oideachais ag iarraidh iad a dhúnadh de bharr titim i líon na ndaltaí, chomh maith le Scoil na Leanaí sa Rinn agus an troid a bhí ann chun cúrsaí taistil a chur ina ceart.²³¹ An tráth céanna, scríobh Gaelscoileanna achainí 'i leith iar-bhunoideachais i nGaeltacht Lár Dhún na nGall.' Dúradh san achainí go raibh fás tagtha ar dhaonra an cheantair agus forbairt tagtha ar chúrsaí eacnamaíochta ann. Cé is moite de sin, 'bhí géarghá le hoideachas trí mheán na Gaeilge sa dara leibhéal chun go mbeidh gréasáin iomlán idir oideachas, tionscadail agus saol sóisialta ar fáil go hiomlán trí mheán na Gaeilge.'²³²

Faoi Eanáir 1982 bhí Ó Dúlacháin fós ag plé le cás na Gaeltachta Láir nuair a thug sé agallamh uaidh ar Raidió na Gaeltachta faoin moill ar bhunú na hiar-bhunscoile.²³³ Go luath ina dhiaidh sin d'eagraigh Cairde Ghaeltacht Láir Thír Chonaill feachtas poiblíochta agus cruinnithe ar an gceist i gcomhar le Gaelscoileanna.²³⁴ Bhí coiste tacaíochta i mBaile Átha Cliath a bunaíodh nuair a chonacthas dóibh nach raibh na polaiteoirí ag corraí. Bhí Pádraig Ó Snodaigh, Colm Mac Aodháin, dlíodóir as an Ghaeltacht Láir, agus Seán Ó hÉalaí a bhí ina eagarthóir ar an *Irish Press* ar an gcoiste tacaíochta sin. Reáchtáladh corrchruinniú

231 Agallamh.

232 Achainí ó Gaelscoileanna i leith iar-bhunoideachais i nGaeltacht Lár Dhún na nGall, an 1 Iúil 1981.

233 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Colm Ó Dúlacháin, Gaelscoileanna, Eanáir 1982.

234 *Ibid.*, Feabhra 1982.

ach bhí an coiste réidh le dul i mbun feachtasaíochta mura mbeadh an tAire Oideachais, Martin O'Donoghue, ag teacht ar bord.²³⁵ Ach ba dheacair cúrsaí an áitiúlachais a shárú ag an tús mar a mhíníonn Ó Dúlacháin:

Ceann de na chéad rudaí a tháinig chun cinn—cé go raibh siad ina bh-fábhar—ní raibh muintir Baile na Finne chun a gcuid páistí a chur go Gleann Fhinne a bhí sa pharóiste eile, agus Gleann Fhinne chun a gcuid páistí a chur go Baile na Finne. Bhí sé rud beag ar nós Celtic agus Rangers i ndáiríre, an teannas a bhíonn ann idir paróistí. D'aimsíomar áit, Béal an Átha Mhóir, leathbhealach idir [an dá] áit agus bhí seancholáiste samhraidh nó iarsma de choláiste samhraidh ann... Bhí sé sin againn. Bhí na daoine sásta taisteal ansin ach obair a bheith déanta ar an áit.

I ndiaidh dóibh líon áirithe páiste a aimsiú chuaigh Ó Dúlacháin agus na tuismitheoirí i dtreo an choiste gairmoideachas. Braitheadh, áfach, nach raibh iar-bhunscoil lán-Ghaeilge ar chlár oibre an choiste nó bhí neart ag titim amach cheana féin sa cheantar i leith bunú gairmscoileanna agus pobalscoileanna. Ba chun Clement Coughlan, Teachta Dála nuathofa, a chuaigh siad ansin, agus d'eagraigh sé siúd cruinniú idir Gaelscoileanna agus príomhoifigeach nua an choiste ghairmoideachais a bhí tar éis teacht isteach, Seán Ó Longáin. Bhí Ó Longáin breá fabhrach—dá mbeadh an foirgneamh agus na páistí ann thacódh sé leis an tionscadal. Ach, dár le hÓ Dúlacháin, bhí Ó Longáin, an roinn, agus an coiste gairmoideachais ag iarraidh scoilt a sheachaint sa phobal agus níor cuireadh abhantrach ar leith i bhfeidhm. Go dtí an lá atá inniu ann is féidir le páistí ón nGaeltacht Láir taisteal lasmuigh den cheantar go hiar-bhunscoileanna eile. Le filleadh ar 1982, cé go raibh na páistí agus an foirgneamh aimsithe ní raibh an Roinn Oideachais sásta an cheist a phlé. Bhí na scoileanna cuimsitheacha ann agus, i dtuairim Uí Dhúlacháin, chreid an roinn go raibh 'gach rud in ord i nDún na nGall agus ní raibh aon éileamh ar a leithéid.' Thairg an roinn sruthanna in iar-bhunscoileanna Béarla agus níor tairgeadh aon infheistíocht caipitil.²³⁶

Bhí ag trá ar mhisneach na dtuismitheoirí ag an staid seo. Ach chuaigh Ó Dúlacháin agus Mac Gabhann go Martin O'Donoghue, an tAire Oideachais nuacheaptha, a raibh cónaí air in aice le Mac

235 Agallamh le Colm Ó Dúlacháin.

236 Agallamh le Colm Ó Dúlacháin.

Gabhann i nDeisceart Bhaile Átha Cliath. Thug Mac Gabhann cuairt ‘neamhoifigiúil’ ar O’Donoghue chuig a theach cónaithe mar dhuine sa dailcheantar ‘agus do leag sé síos an cás nach raibh an roinn sásta éinne a chur suas chuig an gceantar chun féachaint ar na háiseanna nó chun aon mheasúnú a dhéanamh.’ Is cuimhin le hÓ Dúlacháin, ‘do chinn an t-aire ag an bpointe sin treoir a thabhairt d’oifigigh go rachadh leas-phríomhoifigeach liomsa i dteannta Thomáis Mhic Gabhann ó Bhaile Átha Cliath maidin amháin go gcaithfeadh sé lá sa Ghaeltacht Láir.’ An smaoineamh a bhí ann ná go dtabharfaí cuairt ar na bunscoileanna féachaint an raibh éileamh ann agus an raibh na háiseanna cuí ann. Ba ‘briseadh tríd an-mhór a bhí ansin mar bhí an rud ina lánstad ach amháin gur úsáideadh an polaiteoir nuair ab éigean sin a dhéanamh,’ a mhíníonn Ó Dúlacháin. Agus tharla sé sin i gcomhthéacs ‘am an-chorrach i stair na hÉireann,’ uair a bhí ‘trí thoghchán in imeacht ocht mí dhéag agus muid ag plé leis an togra seo i mBaile na Finne.’ Seoladh Liam Mac Uistín, Leas-Phríomhoifigeach na Roinne Oideachais agus fear a chum amhráin Ghaeilge don Eoraífis, suas go Baile na Finne. Chuir Mac Uistín meamram le chéile do Rúnaí na Roinne Oideachais agus cinneadh aitheantas a thabhairt don scoil i rith an tsamhraidh.²³⁷ D’oscail an scoil i Meán Fómhair 1982.²³⁸ Faoi dheireadh na bliana thuairiscigh an *Sligo Champion* gur éirigh le feachtas na dtuismitheoirí an scoil a bhunú i ndiaidh iarrachtaí a mhair sé bliana agus lenar chuidigh Gaelscoileanna a thabhairt chun críche.²³⁹

Ach b’olc an tuar do thodhchaí na scoile an tuairisc sa *Donegal Democrat* i mBealtaine 1983 a raibh amhras ann an bhfanfadh an scoil ar oscailt d’uireasa líon sásúil daltaí.²⁴⁰ Bhí roinnt nithe nár thaitin le daoine sa cheantar go fóill. ‘An chéad rud,’ a áitíonn Ó Dúlacháin, ‘ná an t-ainm—ní gur Gairmscoil Chú Uladh a bhí air, mar bhí ardmheas ar mhuintir Mhic Fhionnlaoich agus an té gur Cú Uladh an t-ainm cleite a bhí air agus gur as an cheantar dó—ach an focal “gairmscoil,” “*tec*,” níorbh ionann é agus pobalscoil nó scoileanna cuimsitheacha a bhí timpeall orthu, nó meánscoileanna, clochar Loreto... Bhraith siad go raibh sé seanaimseartha... ar an dréimire go raibh sé síos ansin.’ An

237 Agallamh le Colm Ó Dúlacháin.

238 Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

239 *Sligo Champion*, an 10 Nollaig 1982.

240 *Donegal Democrat*, an 6 Bealtaine 1983.

dara rud ná nach raibh aitheantas buan faighte ón Roinn Oideachais. Níor bhain an t-aitheantas ach le trí bliana, don teastas sóisearach. Bhí ceisteanna ag tuismitheoirí faoi conas a d'aistreadh a bpáistí chuig córas Béarla ina dhiaidh sin. Agus an tríú rud ná cúrsaí taistil. Tugann Ó Dúlacháin léargas ar an gceist sin:

Bhí teaghlach amháin fágtha ag an am sin ina gcónaí sna Cruacha Gorma. Ba é an ceantar ba láidre Gaeilge sa tír é ach ní raibh fágtha ach teaghlach amháin ach bhí siad ag iarraidh freastal ar an scoil. Bhí beirt pháistí ann agus b'éigean dúinn tacsáí nó *hackney* a chuir isteach sna cruacha gach lá. *Now*, bhí feachtas bailithe airgid a d'íoc as an bheirt pháistí a thabhairt chun na scoile. Bhí sé sin an- an-dian.²⁴¹

Bhí deacrachtaí leanúnacha eile ann a tháinig chun solais sna luathbhlianta chomh maith. Ní raibh uisce glan ag an scoil ó Mhárta na bliana 1984, nuair a bhí an príomhoide, Maitiú Ó Murchú, ag gearán go poiblí leis an *Donegal News* faoin scannal. Tuairiscíodh, lena chois sin, go raibh an Roinn Oideachais tar éis aird a tharraingt ar an seans beag a bhí ann go dtiocfadh feabhas ar líon na ndaltaí sa scoil.²⁴² Go deimhin, bhí buairt ar Ó Dúlacháin go ndúnfaí an scoil de bharr titim a tharla i líon na ndaltaí a bhí ag freastal uirthi. Chun dul i ngleic leis an titim, bhuail Ó Dúlacháin le hiriseoir ón *Donegal Peoples Press* faoi dhó agus foilsíodh ailt a leag 'béim ar dhualgais mhuintir na háite' i leith na scoile.²⁴³ Ní raibh diongbháilteacht leis na príomhoidí sna blianta sin ach oiread agus bhí siad ag teacht agus ag imeacht. Mar fhreagra ar na deacrachtaí chuaigh Ó Dúlacháin agus bainisteoir réigiúnach Údarás na Gaeltachta timpeall ar gach teach sa Ghaeltacht Láir in 1984 ag míniú na mbuntáistí a bheadh leis an scoil. D'éirigh leo an rud a shábháil. Daichead bliain ina dhiaidh sin, mar a mhaíonn Ó Dúlacháin, tá 250 dalta ag freastal ar an scoil. 'Is dóigh liom,' arsa Ó Dúlacháin agus é ag trácht ar an bhfeachtas chun Coláiste Chú Uladh a chur ar an bhfód, 'gur léirigh sé do thuismitheoirí an cheantair sin go raibh guth acu agus go raibh seasmhacht acu dá bpobal féin agus is dóigh liom go bhfuil sé sin le feiscint anois.'²⁴⁴

241 Agallamh le Colm Ó Dúlacháin.

242 *Donegal News*, 4 Lúnasa 1984.

243 Tuairisc ón Eagraí Náisiúnta, Colm Ó Dúlacháin, *Gaelscoileanna*, Samhain 1984.

244 Agallamh le Colm Ó Dúlacháin.

CAIBIDIL 10:

**TÚS I gCORCAIGH, 1983—‘CORK WILL YET
RIVAL THE CAPITAL CITY IN THIS VITAL
EDUCATIONAL ENDEAVOUR’**

NÍ RAIBH RÍMÉAD AR MHÓRÁN in 1983 nuair a foilsíodh an Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge 1983-1986. Plean rialtais ab ea é a d’eisigh Bord na Gaeilge agus a chuimsigh gnéithe éagsúla de chur chun cinn na teanga, an Ghaelscolaíocht ina measc. Dúradh i dtuairisc in *Carn* nárbh amhlaidh go raibh spriocanna cruinne ann agus ba chosúil le ‘*a vague telegram of goodwill from a distant relative*’ é.²⁴⁵ Cé gur ghuigh eagarthóirí *Combar* gach rath ar an bPlean Gníomhaíochta agus a údar, an tOllamh Seán Ó Tuama, bhí amhras orthu an gcuirfí i bhfeidhm é. Cháin an iris gluaiséacht na Gaeilge agus dúirt gur theip uirthi dul i bhfeidhm ar an aos polaitiúil le fiche bliain anuas. Níos measa fós, ba bheag, dar leo, a bhí ‘fágtha den ghluaiseacht inniu ach cancaráin ag agóidíocht agus seandaoine ag fuarchaoineadh.’²⁴⁶ Ní nach ionadh mar sin gur beag dóchas a bhí ag *Combar* sa phlean céanna faoi cheann bliana. Fíoraíodh an tairngreacht acu. Bheadh sé ‘nádúrtha go mbeadh duine ag súil go dtiocfadh gníomhaíocht’ ón bplean de dheasca a theidil, a dúradar, ach ‘ní mar a shíltear a bhítear.’²⁴⁷ Agus é ag trácht ar spriocanna Gaelscoileanna a luadh sa Phlean Gníomhaíochta, luaigh Fiachra Ó Dubhthaigh go raibh ‘obair an-mhaith ar siúl ag [an eagraíocht] d’ainneoin nach bhfuil ach beirt fhostaithe lánaimseartha acu agus cúntóir deonach.’ Ina theannta sin, thrácht Ó Dubhthaigh ar an ngá a bhí le tuilleadh airgid don eagraíocht chun go mbainfí a spriocanna amach. Seans go raibh sé ródhóchasach nuair a thuar sé go raibh ‘comhoibriú sásúil ar siúl anois idir Gaelscoileanna agus an Roinn Oideachais agus go mbunófar scoileanna nua lán-Ghaelacha go síochánta feasta.’²⁴⁸

Áit amháin go ndealraíonn sé nach raibh comhoibriú idir an roinn agus gluaiséacht na Gaelscolaíochta ó cuireadh fuadar faoi sna 1970í ná i gCorcaigh. Ag tús na 1980í díol suntais ab ea é nach raibh Gaelscoil ar bith bunaithe go fóill sa chathair ná sa chontae, ainneoin mhéid an

245 *Carn*, Uimh 42, Samhradh 1983, 12.

246 *Combar*, Iml. 42, Uimh 5, Bealtaine 1983, 3, 5.

247 *Combar*, Iml. 43, Uimh 4, Aibreán 1984, 3.

248 *Combar*, Iml. 43, Uimh 4, Aibreán 1984, 8.

chontae agus láidreacht leithéidí Chonradh na Gaeilge ann. Thiar in 1971 bhí obair na gcapall déanta ag cur naíscoileanna ar an bhfód i gCorcaigh agus ceithre cinn ann, tráth nach raibh ach ceann amháin i mBaile Átha Cliath. Bunaíodh naíscoil amháin i gCorcaigh i nDún Laoi agus ceithre pháiste is fiche ann. Bhí an naíscoil á reáchtáil ag Bean Uí Thuama, a bhí pósta leis an ollamh i gColáiste Ollscoile Chorcaí, Seán Ó Tuama.²⁴⁹ Mar sin féin, ghlac sé os cionn deich mbliana eile sula dtiocfadh Gaelscoil ar an bhfód. Maíonn Colm Ó Dúlacháin go raibh cúis ar leith le seo. ‘Ní raibh rud ar bith ag tarlú i gCathair Chorcaigh,’ ar sé, ‘bhí cur i gcoinne ag an leibhéal is airde sa Roinn Oideachais—ar bhonn pearsanta—chun é sin a stop. Agus an duine áirithe seo... bhí sé ar Bhord na Gaeilge mar ionadaí na Roinne Oideachais. Agus chuir seisean ina luí ar Bhord na Gaeilge—a bhí ag déanamh maoiniú ar Ghaelscoileanna—go mba chóir treoir a thabhairt do Ghaelscoileanna gan a bheith ag cur a ladar isteach i gcúrsaí oideachais i gCathair Chorcaigh.’ Bhí an Mhodscoil i gCathair Chorcaí ag titim as a chéile agus é i ndroch-chaoi. Ach dúradh dá mbunófaí Gaelscoileanna sna bruachbhailte go ndéanfaí dochar don *status quo* Gaeilge sa chathair. Fuair Ó Dúlacháin amach nach raibh sé i gceist ag an roinn aon infheistíocht a dhéanamh san fhoirgneamh sin, mar theastaigh ón Roinn Dlí agus Cirt seilbh a fháil ar an bhfoirgneamh chun é a úsáid mar theach cúirte.²⁵⁰

Beag beann ar mheon ionadaí na roinne ar an 13ú Márta 1982, d’eagraigh Craobh Chorcaí de Chomhar na Múinteoirí, i bpáirt le Gaelscoileanna, seimineár dátheangach i gCorcaigh dar dteideal ‘*An Irish-Medium Education for our children—why not?*’ Ba é aidhm an chruinnithe ná tuismitheoirí a mhealladh chun coistí a bhunú ina gceantair áitiúla. Bhí Modhscoil Chorcaí ag freastal ar lár na cathrach ó thaoibh na Gaeilge de cheana—an sprioc a bhí ann ná go dtabharfadh tuismitheoirí faoi Ghaelscoileanna nua a bhunú sna bruachbhailte. Reáchtáladh an cruinniú in Áras an Chraoibhín agus bhí dhá phainéal i gceist. Labhair an Dr Séamus Ó Buachalla, Coláiste na Tríonóide, faoi na buntáistí oideachasúla a bhain leis an nGaelscolaíocht agus mhínigh Tomás Mac Gabhann, Gaelscoileanna, stair na feachtasaíochta ar son na Gaelscolaíochta ar maidin. I seisiún an tráthnóna labhair Seosamh Ó Súilleabháin, Príomhoide Mhodscoil Chorcaí, ar an scoil sin agus

249 *Inniu*, Iml 28, Uimh 28, an 26 Feabhra 1971, 13.

250 Agallamh.

a todhchaí. Thuairiscigh an *Evening Echo* go raibh dóchas ag an lucht eagraithe *‘that Cork will yet rival the capital city in this vital educational endeavour.’*²⁵¹

Cuireadh dlús leis na hiarrachtaí sin nuair a d’oscail Scoil Uí Ríordáin i mBaile an Chollaigh in 1983.²⁵² Ba in ollmhargadh sa bhaile a d’oscail sí ar dtús agus fiche dalta ag freastail uirthi. Bhí an sagart paróiste áitiúil ar an mbord bainistíochta mar aon le Gaeilgeoirí áitiúla. Ar an mbord bainistíochta bhí Breandan Ó Dálaigh, Cathaoirleach; Máire Bean Uí Chruadhlaigh, an tAth. Carthach Mac Cárthaigh, Gearóid Ó Duanaigh, Helen Brennan agus duine de mhúinteoirí na scoile, Gabriel Ó Cathasaigh. Ba é Easpaig Chorcaí, Mícheál Ó Murchú, patrún na scoile. Thuairiscigh an *Evening Echo* gur labhair Pádraig Ó Cuanacháin, Eagraí Gaelscoileanna i gCúige Mumhan, a fuarthas ar iasacht ó Údarás na Gaeltachta, ag oscailt oifigiúil na scoile. Mhínigh sé gur nasc an cineál scoile seo *‘the educational advantages of bilingualism with a cultural ideal.’* Maidir le stráitéis forbartha chuir Ó Cuanacháin in iúl go raibh sé mar aidhm ag Gaelscoileanna *‘to set up schools in various suburbs in Cork in order that Irish medium education may be readily available to Cork children. This will supplement the work being done by An Mhodscoil (Cathair Chorcaí) and Scoil na nÓg in Glanmire.’* Bhí sé beartaithe chomh maith go n-ainmneofaí na scoileanna i ndiaidh daoine ar nós an Athar Tadhg Ó Murchú, Seán Ó Riada, Séamus Murphy, Pádraig Ó Maidin, Dónal Ó Corcora, an tAthair Seán Mac Carthaigh, *‘who in their lifetimes, gave so much to the Irish nation.’*²⁵³ Thug an tEaspag Ó Murchú ráiteas uaidh ag an oscailt oifigiúil:

Tréaslaímid go croíúil le muintir Bhaile an Chollaigh de bharr clabhsúr a bheith bainte amach acu san obair rí-thábhach(tach) seo. Buíochas le Dia go bhfuil spírid fós, agus, ní foláir spírid nua, le tabhairt faoi dear in ainneoin bhrú fhíochmhar galdachais ár linne. Tugann sé dóchas agus misneach dúinn, agus le cuidiú Dé, tabharfaidh sé spreagadh agus gríosadh dá thuilleadh. Is áthas linn go bhfuil áiteanna eile tosaithe ar an obair fhónta chomh maith, mar atá Eochail, Carraig Uí Laighin, Droichead na Bandan, agus Mainistir Fhear Máí. Dia le muintir Dhún Gharbháin a bhí chun tosaigh sa deisceart. Dia leat, a Phádraig Uí Chuanacháin, as ucht do thimireachta.²⁵⁴

251 *Evening Echo*, an 9 Márta 1982.

252 Agallamh.

253 *Evening Echo*, 19 Meán Fómhair 1983.

254 *Evening Echo*, an 23 Meán Fómhair 1983.

Mar a deir Ó Dúlacháin, bhí an-tionchar ag ceapacháin Uí Chuanacháin mar Eagraí na Mumhan óir ‘d’imigh seisean le *scatter gun* agus osclaíodh seacht gcinn déag de bhunscoileanna laistigh de chúpla bliain thuas i gCorcaigh.²⁵⁵

I gcaitheamh an ama chéanna bhí baol ann go mbainfí an saorthaisteal de na Gaelscoileanna a bhí ar an bhfód cheana. Reáchtáladh cruinniú in earrach na bliana 1983 in Amharclann Choláiste Mhuire i mBaile Átha Cliath chun cinneadh an rialtais ciorruithe a chur i bhfeidhm ar an saorthaisteal scoile a phlé. Scríobh an t-iriseoir Mícheál Ó Cróinín san *Irish Press* gur aontaigh an cruinniú ‘gurb iad na gaelscoileanna ba mhó a bheadh thíos leis an bpolasaí.’ Ba léir dó go raibh ‘forbairt na teangan faoi ionsaí agus na gaelscoileanna féin faoi bhagairt.’ Arsa Ó Cróinín:

ach má bhí, lasadh spiorad troda lucht na Gaeilge agus ó shin bhrúcht rabharta feirge docheansaithe. An babhta seo, tuigtear gur baineadh amach ar baineadh ró-dhaor le puinn a ghéilleadh a thuilleadh. Tá lón cogaidh mórtimpeall. I gCathair Bhaile Átha Cliath amháin agus ar a imeall tá ocht gcinn déag de bhunscoileanna lán-Ghaelacha agus is ionann iad sin agus a lucht tacaíochta agus “Arm Cathartha.” Tá rosc catha le clos chomh maith ó Chorcaigh, Luimneach agus ón nGaillimh, i measc áiteanna eile ina bhfuil scoileanna Gaelacha.²⁵⁶

Go luath ina dhiaidh sin ní nach ionadh go raibh amhras ar Ó Dúlachán nuair a gheall an tAire Oideachais, Gemma Hussey, go dtacódh sí le bunú breis gaelscoileanna. Bhí na scoileanna á mbunú i mbealach mí-eagraithe, a mhínigh sí don *Sunday Independent*, agus tuilleadh comhordú idir an Roinn Oideachais, Gaelscoileanna agus grúpaí eile de dhíth.²⁵⁷ Bhí deacrachtaí ann suíomh feiliúnach a aimsiú in 1983 san Iarmhí, in Inis agus in Inse Chór, a bhí fós gan áitreabh ceart ainneoin ghealltanais Phádraig Flynn. Chruthaigh seo fadhbanna mar a mhínigh Seán Mac Mathúna; ‘ceantar lucht oibre Inse Chór, tá cuid de na tuismitheoirí gan ghluaisistéan, agus tá deacracht teagmháil leis na múinteoirí faoi mar ba ghnáth.’²⁵⁸ Chreid Art Ó Briain nár theastaigh ón

255 Agallamh.

256 *Irish Press*, an 10 Feabhra 1983.

257 *Sunday Independent*, an 10 Aibreán 1983.

258 *Westmeath Examiner*, an 11 Samhain 1983; *Irish Independent*, an 27 Meitheamh 1984; *Irish Press*, an 17 Bealtaine 1983.

Roinn cur isteach ar fhorbairt na ngaelscoileanna trí mhoilleadóireacht d'aon ghnó. Dhearbhaigh sé go raibh:

fadhb níos bunúsaí ann, fadhb leis an gcóras oideachais i gcoitinne. Ní féidir leis an roinn éileamh mar seo, éileamh a thagann ó ghnáthdhaoine, a láimhseáil. Ní thuigeann siad cad atá ag titim amach. Ní féidir le córas righin, lárfhéachana déileáil le héileamh do scoil lán-Ghaelach i gceantar lucht oibre. Ní féidir leo a thuiscint gur féidir leis an éileamh seo a bheith ann, toisc go dtéann sé i gcoinne thraidisiúin righin an chórais.²⁵⁹

Advanced Review Copy

259 *Irish Press*, an 17 Bealtaine 1983.

CAIBIDIL 11:
BUNSCOIL CHOLMCILLE, DOIRE, 1983—
‘WHAT YE SPEAKING GAELIC FOR?
YOU’RE IN BRITAIN!’

BA LÉIR GO RAIBH AN GHAEILGE lag i gCathair Dhoire i rith na 1970í. Scríobh Leon Ó Laifeartaigh, a d’fhoghlaim an teanga ag ranganna oíche, nach raibh ‘ach dhá theaghlach i gcathair Dhoire a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga sa teach acu.’²⁶⁰ D’eascair na hiarrachtaí chun Bunscoil Cholmcille a bhunú i nDoire in 1983 ó leithéidí Thomáis Uí Dhonngaile agus daoine eile. Chuir Ó Donnghaile suim sa Ghaeilge agus é ar an meánscoil ach chuir sé fíorshuim inti blianta i ndiaidh dó an scoil a fhágáil. Ghlac sé ballraíocht i seanchraobh de Chumann Gaelach a bhí ann i gCathair Dhoire. Go luath i ndiaidh dó a bhean chéile a phósadh in 1972, agus cé nach raibh Gaeilge aici, glacadh an cinneadh a gclann a thógáil go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Mar a mhíníonn mac le Tomás, Fiachra Ó Donnghaile, tháinig a thuismitheoirí ‘faoi anáil Phroinsias Uí Mhianáin a bhí mór le Pádraig Ó Mianáin agus Gaeilgeoirí móra eile i nDoire.’ Bhí grúpa darb ainm Cearta Gael ar an bhfód an t-am sin lena raibh Proinsias Ó Mianáin agus Pádraig Mac Cárthaigh bainteach, dream a bhí ‘iontach gníomhach i saol na Gaeilge agus ag troid fá na cearta teanga.’ Bhí Cearta Gael gníomhach ar chúrsaí comharthaíochta go mór mór. Theastaigh uathu, dár le Fiachra Ó Donnghaile, ‘go mbeadh críochnúlacht fheidhmiúil ag Gaeilgeoirí, nó go dtiocfadh leo a saol a chaitheamh trí mheán na Gaeilge. Bhí siad ar son cearta ón stát a saol a chaitheamh i nGaeilg. Bhí siad ag iarraidh go mbeadh Aifreann Gaeil ann chomh maith. Agus ag eascairt uaidh sin bhí siad ag iarraidh go mbeadh Gaeloideachas ar fáil dá bpáistí chomh maith.’²⁶¹ Gnáthdhaoine, idir fhir agus mhná, a raibh réimse leathan gairmeacha ina measc, agus a raibh cónaí orthu ar fud Chathair Dhoire a bhí bainteach leis na hiarrachtaí.²⁶² Spreagadh iad chun gnímh nuair a osclaíodh Bunscoil Phobal Feirste, rud a thug ‘cineál misneach agus ardú meanma do Ghaeilgeoirí (Dhoire) go dtiocfadh leo a leithéid a bhunú,’ arsa Ó Donnghaile. Rinneadh iar-

260 *An tUltach*, Iml 51 Uimh 7, Iúil 1974, 7.

261 Agallamh.

262 Agallamh le hagalláí anaithnid.

rachtaí éagsúla tús a chur le Gaelscoil roimh bhunú Bunscoil Cholmcille. Bhí caint ar é a bhunú sa chathair ar dtús ach bhain siad triail as é a bhunú díreach ar an teorainn ar an Mhaigh, baile beag idir Doire agus Dún na nGall agus ceithre mhíle ar shiúl ón gcathair. ‘Sílím,’ arsa Ó Donnghaile, ‘gur chreid siad go mbeadh daoine ansin níos báúla don Ghaelscolaíocht... go mbeadh sé níos fusa agus nach mbeadh an naimhdeas céanna ann—ceithre mhíle ón gcathair.’ Ach mar a tharla in áiteanna eile bhí eagla ar mhuintir na háite sa cheantar go meallfadh an Ghaelscoil na páistí ón scoil náisiúnta sheanbhunaithe, mar sin níor éirigh léi. Chuaigh siad i dtreo Bhaile Stíl. Bhí scoil ann cheana agus príomhoide ann, Jim Quinn, a bhí iontach báúil don choincheap. Thug sé cluas éisteachta do na díograiseoirí agus chuaigh sé ag bailiú leabhar. Bunaíodh Bunscoil Cholmcille mar shruth taobh thiar de Steelstown Primary.²⁶³

Is cuimhin le duine amháin a d’fhreastail ar Bhunscoil Cholmcille go raibh cultúr ar leith ag an scoil, cultúr a bhí oscailte agus cairdiúil. Bhíodh tuismitheoirí agus na múinteoirí ag dul amach go sóisialta lena chéile nó chun na Gaeltachta le chéile. Cé go raibh an t-oideachas á fháil mar is ceart bhí rudáí iontach neamhfhoirmiúil, murab ionann sin agus scoileanna Béarla na cathrach a bhí ní b’fhoirmeáilte, ní ba choimeádaí agus ní b’údarásaí. Áit a raibh na scoileanna Béarla rómhór, bhí pobal níos lú sa Ghaelscoil agus bhí na múinteoirí in ann aithne a chur ar na páistí uilig.²⁶⁴ Deir Fiachra Ó Donnghaile gur fhág múinteoirí Gaeltachta lorg ar an scoil. ‘Is cuimhin liom a bheith faoi dhraíocht ag an chanúint a bhí acu agus an saibhreas teanga a bhí acu. Bhí John Joe Mac Íomhair agus Avril Ní Ghallachóir agus Clár Ní Ghallachóir (ann).’ Thaistil a theaghlach chun na Gaeltachta ‘measartha rialta ar scor ar bith’ ach ‘d’éirigh leis an scoil an nasc sin a dhaingíú.’ Ba chui-mhin leis go minic ‘John Joe—bhí na páistí faoi gheasa ag a scéalta, tá’s agat Balor na súile nimhe agus ansin ghlac seisean muid ar chuairt chun na Gaeltachta cúpla uair. D’fhan muid thar oíche cúpla uair fosta mar scoil.’²⁶⁵ Bhí ‘meon ar leith ann. Mhothaigh muid go raibh muid mar chuid de rud úr. Go raibh nuálaíocht ag baint leis, bhí díograis... ag baint leis an rud.’ Anuas air sin, bhí pobal á bhunú agus thuig na múin-

263 Agallamh.

264 Agallamh le agalláí anaithnid.

265 Agallamh.

teoirí ‘go raibh níos mó i gceist ná oideachas a chur ar pháistí trí mheán na Gaeilge. Bhí siad ag iarraidh meon ar leith a thabhairt do na páistí.’ Bhí béim mhór ar an drámaíocht agus na healaíona agus chuir leithéidí Iníon Mhic Mhathúna go mór leis sin. I dtaobh na gcluichí áiríonn Ó Donnghaile Fearghal Mag Uiginn, atá anois ina láithreoir raidió le BBC Uladh, ar dhuine de na múinteoirí ar ‘éirigh leis na páistí a ghríosú i dtreo na peile’ agus bhuaigh siad an chraobh áitiúil in 1995 ainneoin gur scoil bheag í. Mothaíonn Ó Donnghaile ‘go raibh rud níos leithne ná scolaíocht i gceist. Bhí cineál tógáil pobail (ann).’ Chuige sin tógadh Áras an Ghrianáin, áit a raibh ranganna ceoil agus feadóig stáin. Bhí Cór an Ghrianáin ann do dhaoine fásta, rinne Jim Ó Canainn cór a bhunú do dhaoine óga, bhí Aifreann Gaeilge ann, agus bhí nasc ann idir an scoil agus an t-Áras agus le eagrais sheachtracha amhail Slógadh agus an Cumann Drámaíochta.²⁶⁶

Ar mhórán bealaí, agus cosúil le Béal Feirste agus scoil nó dhó i mBaile Átha Cliath, bunaíodh Bunscoil Cholmcille ar dhúshraith de lucht na Gaeilge a mbíodh sé mar nós acu freastal go rialta ar Aifreann i nGaeilge. Braithheadh go raibh an Eaglais báúil tríd is tríd, cé nár cuireadh an méid sin béime ar an reiligiún de bharr go raibh an bhéim ar an nGaeilge. Ba é Chomhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Cho-thabháil pátrún na scoile²⁶⁷, rud nár chuir isteach ná amach ar pholasaí iontrála na scoile. Ghlac an scoil le páistí ó gach reiligiún agus ní raibh iachall ar pháiste ar bith na sacraimintí Caitliceacha a dhéanamh.²⁶⁸ Bhí roinnt mhaith sagart i nDoire sna 1980í a raibh ardchaighdeán Gaeilge acu, leithéidí an Athar Chiaráin Uí Dhoibhlin, an Athar Oilbhéir Uí Chroiligh agus an Athar Phádraig Uí Chroiligh. Dhéanadís na sacraimintí do na páistí. Is cuimhin le Fiachra Ó Donghaile an tAthair Pádraig Ó Croiligh ‘agus é dár n-ullmhú do na sacraimintí agus ag canadh. Bhí an-dúil aige sna hamhráin, amhráin le Seán Bán Mac Grianna *och och mo mbadadh beag* agus amhráin éagsúla mar sin. Ag an am sin bhí dlúthbhaint ag an eaglais leis an scoil.’²⁶⁹

Amhail an méid a thit amach le Bunscoil Phobal Feirste ag tús

266 Agallamh le Fiachra Ó Donnghaile.

267 Council for Catholic Maintained Schools (CCMS)

268 Agallamh le hagalláí anaithnid; agallamh le Fiachra Ó Donghaile.

269 Agallamh le Fiachra Ó Donghaile.

na 1970í bhí Bunscoil Cholmcille ag cur tús lena saol i lár cogaidh. Is cuimhin le Colm Ó Dúlacháin cuairt a thabhairt ar Dhoire ag tús na 1980í ‘ag am a bhí an-trioblóideach ansin. Le linn na stailceanna ocrais bhí muid ag eagrú cruinnithe i gcroílár an Chreagáin agus Thaobh an Bhogaidh.’²⁷⁰ D’fhan roinnt daoine a bhí bainteach leis an scoil glan ar chúrsaí polaitíochta agus díríodh ar an gcultúr amháin.²⁷¹ Nuair a thug Paul McGill, comhfhreagraí leis an *Belfast Telegraph*, cuairt ar Bhunscoil Cholmcille le linn na conspóide faoi aitheantas agus maoiniú oifigiúil a thabhairt don dá Ghaelscoil sna Sé Chontae i Márta na bliana 1984 labhair sé le cuid díobh siúd a bhí bainteach leis an scoil mar gheall ar na rudaí a spreag iad. D’inis múinteoir ón scoil, Majella Maynes, do McGill nach raibh cúis ar bith polaitiúil lena gcuid oibre, ‘*It’s a job to me and I might not have taken it if I had known there was going to be a row,*’ ar sí leis an iriseoir. Thacaigh rúnaí an ghrúpa tuismitheoirí, Cairde Ghaelscoil Dhoire, Brendan Saunders, leis an méid sin. Scríobh McGill, ‘*he, too, rejected the idea of any political motivation in setting up the school.*’ D’áitigh Saunders, ‘*the language is not a political thing to us. It is part of everybody’s culture. We would love all persuasions to be involved.*’²⁷² Fuarthas tacaíocht agus cabhair ó pháirtithe polaitiúla éagsúla, ach, mar a deir Fiachra Ó Donnghaile, bhí bunaitheoirí na bunscoile ‘measartha cúramach. Ní raibh siad ag iarraidh go mbeadh ionannú déanta idir an scoil agus páirtí polaitiúil ar leith.’ Ar an taobh eile den scéal ba dhóigh ‘go raibh baint ag roinnt tuismitheoirí sa scoil leis an streachailt fosta.’ Bhí daoine ón bpobal ‘agus bhí siad lánpháirteach sa streachailt ar son na saoirse agus ar son an chultúir.’ Is cuimhin leis go raibh ‘muid iontach feasach air sin mar pháistí ag an am. Tá sé suimiúil, is cuimhin liom ag amharc siar ar mo leabhraí ón am agus an ealaíon—cuid mhór pictiúirí de chíríbeacha agus de ghunnaí. Ag an am thuig muid go raibh seo uilig ar siúl ach is dócha nár thuig muid an tionchar a bhí aige orainn.’ Rinne an stát ionannú idir an streachailt mhíleata agus an Ghaeilge dár le hÓ Donnghaile. B’olc a caitheadh leis na Gaeil agus lucht na Gaelscolaíochta ar an gconlán féin, bídis bainteach le cúrsaí polaitíochta nó ná bíodh. Tá aithne ag Ó Donnghaile ar dhaoine a tógadh agus a bhualadh de bhrí go raibh siad ag labhairt i nGaeilge. Ar ócáid amháin

270 Agallamh.

271 Agallamh le hagalláí anaithnid.

272 *Belfast Telegraph*, an 28 Márta 1984.

eile agus é ag siúl chun na scoile:

bhí saighdiúirí Sasanacha ag tabhairt amach dúinn agus gáire fúinn mar go raibh muid ag labhairt Gaeilg ar an tsráid—“*what ye speaking Gaelic for? You’re in Britain!*”—bhí sé ag iarraidh muid a ghríosú chun troda leofa... Imríodh cos ar bolg uafásach ar dhaoine sa tír seo, dár ndóigh. Imríodh cos ar bolg ar dhaoine de bhrí go raibh siad ina gCaitlicigh, ach imríodh cos ar bholg ar dhaoine ansin de bhrí gur labhair siad Gaeilg... Bhí streachailt ar son na saoirse ar siúl, ach bhí streachailt ann ar son na Gaeilge fosta.²⁷³

CAIBIDIL 12:

**SCOIL RAIFTEIRÍ, CAISLEÁN AN BHARRAIGH,
1983—‘CHUAIGH AN SCÉAL AR AIS CHUIGE GO
RAIBH MISE AG TAE AG ÁR N-ARDEASPAG
PROTASTÚNACH’**

IN 1979, thuairiscigh Mary Conlon, iriseoir leis an *Western Journal*, ar dhul chun cinn an naíonra Gaeilge i gCaisleán an Bharraigh. D’ainneoin na tuairisce a bheith dearfach ar an bhformhór—an cheannlíne a bhí air ná ‘*Castlebar Bilingual School Firmly Established*’—chríochnaigh Conlon ar nóta éadóchais. Ba dhíol trua a bhí ann, a dúirt ceann de reachtairí na náiscoil, Máire Uí Chearnaigh, nach raibh bunscóil ar an mbaile fós go bhféadfadh na páistí leanúint lena gcuid oideachais trí Ghaeilge. ‘*A pity indeed*,’ a dúirt Conlon, ‘*but I think it will be a long time before such a school is established in Castlebar*.’²⁷⁴ Neosfadh an aimsir go raibh dul amú ar Conlon. Bunaíodh Scoil Raifteirí ar an mbaile in 1983. Ach, mar is cuimhin le hÚna Ní Ghabhláin, duine de na bunaitheoirí, bhí an tionscadal ar na bioráin ag feadh i bhfad roimhe sin. Ba é Seán Ó hÉalaí, a bhí ag obair le Raidió na Gaeltachta agus mar thimire le Conradh na Gaeilge, a d’athbhunaigh craobh den Chonradh ar an mbaile agus a chuir fuadar faoi chúrsaí Gaeilge. Bhí Ní Ghabhláin ann ‘ón tús le Conradh na Gaeilge’ agus:

de réir mar a chuamar ar aghaidh bhíomar ag glacadh páirte i gcomórtas Ghlór na nGael. In 1972 bhuaigh muid comórtas Glór na nGael, Caisleán an Bharraigh, an chéad bhaile mór an taobh seo Sionainne. Ag an am bhí mé féin mar chathaoirleach ar an gConradh agus mar rúnaí ar choiste Ghlór na nGael. Ceann de na rudaí a rinneamar ag an am sin chun duais a bhaint amach ná naíonra a bhunú. Agus bhíomar ag rá ón tús ansin go dtiocfaidh éileamh ar scolaíocht lán-Ghaeilge.

Bhí an coincheap scoil lán-Ghaeilge á phlé ina dhiaidh sin ach á chur ar athlá arís is arís eile é. Tháinig Ní Ghabhláin isteach mar chathaoirleach ar an gConradh arís agus chinn sí go dtabharfadh sí faoi. Bhuail sí le Tomás Mac Gabhann ag imeacht Gaeilge agus mhol sé di tabhairt faoi Ghaelscoil a bhunú.²⁷⁵ Dar le hArt Ó Súilleabháin, a bhí ina mhúinteoir agus ar dhuine de na bunaitheoirí eile, ‘bhí seisear nó seachtar ann a raibh dúil acu sa Ghaeilge—fear as Béal an Mhuirthhead,

274 *Western Journal*, 9 Márta 1979.

275 Agallamh le hÚna Ní Ghabhláin.

fear as Acaill, Úna Ní Ghabhláin, a tógadh le Gaeilge, agus mé féin, agus fear as Caisleán an Bharraigh féin a fuair bás an-óg.’ Ar an gcéad choiste bhí Tony Cauley, a bhí ina státseirbhíseach le comhlacht forbartha pobail, Úna Ní Ghabhláin, státseirbhíseach san oifig chánach, agus Seán Ó hÉalaí a bhí ag plé le Raidió na Gaeltachta ar Acaill, agus iad uilig páirteach i gConradh na Gaeilge. Chinn an dream sin rud éigin a dhéanamh ar son na Gaeilge. ‘Bhí sórt fios mo ghnóthaí agam,’ arsa Ó Súilleabháin, ‘ach *Jesus* níor thuig mé céard a bhí fúinn nuair a thosn-aigh muid ar an bhfeachtas ar chor ar bith.’²⁷⁶

Ní raibh focal Gaeilge i dteach Airt Uí Shúilleabháin agus é ag fás aníos mar b’as Corn na Breataine dá mháthair agus cé gur tógadh a athair le Gaeilge, ‘rinneadh ceap magaidh dó nuair a bhí sé i Sasana mar shiúinéir agus dúirt sé nach labhródh sé focal riamh ina dhiaidh sin. Agus níor labhair.’ Tháinig an chlann abhaile as Bostún agus Art ocht mbliana d’aois agus thosaigh sé ar an scoil i gCorr na Móna. Ba ansin a d’fhoghlaim sé Gaeilge an chlóis idir ocht mbliana agus dhá bhliain déag d’aois. Bhí siad sa Ghaeltacht agus bhí gach rud as Gaeilge. Tháinig sé chuige go nádúrtha agus ní cuimhin leis í a fhoghlaim. Chuaigh sé ar aghaidh go Coláiste Iarfhlaitha i dTuaim ansin ach ní raibh Gaeilge ar bith ann. De bhrí go raibh blas Dhúiche Sheoighe aige ceapadh go raibh Gaeilge mhaith aige—agus bhí—ach ní raibh an ghramadach aige. Cibé ar bith chuaigh sé ar aghaidh go Coláiste Phádraig, áit a raibh sé bainteach leis an gCumann Gaelach, go háirithe i dtaobh an rince de. ‘Tairgíodh... post dom in 1979 nó 1980 i nGaelscoil éigin i mBaile Átha Cliath—ní cuimhin liom go baileach—ach dúirt siad liom go raibh mo chuid Gaeilge lofa de réir gramadaí. Agus dúirt mé “raidht, níl an post sin uaim,” mar ní thógfadh siad mé mura ndéanfainn cúrsa Gaeilge. *Now*, dar ndóigh ní dhearna mé Gaeilge riamh i mo shaol ach bhí dóthain Gaeilge agam agus bhí mé sásta í a labhairt agus bhí dóthain agam í a thabhairt do pháistí bunscoile dár ndóigh...’ D’éirigh leis post a fháil i Maigh Eo ina dhiaidh sin mar mhúinteoir i scoil náisiúnta Béarla. Bhí sé ina chónaí i gCaisleán an Bharraigh agus ag dul amach ar an rothar go Ceathrú na gCon. Ach bhí dúil aige rud éigin a dhéanamh i gcónaí ar son na Gaeilge sular tosaíodh ar an bhfeachtas chun Scoil Raiftearaí a bhunú.²⁷⁷

276 Agallamh.

277 Agallamh.

Bhí níos mó Gaeilge ‘thart’ ar Úna Ní Ghabhláin mar a bhain sé lena tuismitheoirí. ‘Bhí m’athair ina phríomhoide ar Ghairmscoil Bhéal Átha hAmhnais, agus anuas air sin bhí sé mar ardmháistir ar Choláiste Chonnacht sa Spidéal—coláiste samhradh—agus tugadh muidne ann de réir mar a d’fhás muid, thart ar (aois) a dó dhéag nó mar sin, tugadh muid go léir go dtí an Ghaeltacht sa Spidéal.’ Mar sin bhí nasc aici leis an nGaelacht ag dul siar. Ar an mbunscoil d’fhoghlaim sí mata trí Ghaeilge agus i ndiaidh di an bhunscoil a fhágáil d’fhreastal sí ar iar-bhunscoil ‘A’ (scoil ina raibh na hábhair á mhúineadh trí Ghaeilge). Bhain sí scoláireacht chun tabhairt faoin gceimic agus ábhar eile in Ollscoil na Gaillimhe, áit a raibh ‘gach rud trí Ghaeilge.’ Ina dhiaidh sin chuaigh sí ag obair i gCaisleán an Bharraigh san oifig chánach. Ar feadh roinnt blianta bhí an-bhaint aici le Léigiún Mhuire.²⁷⁸

Tháinig an seachtar bunaitheoirí le chéile mar ‘choiste neamhfhoirmeálta,’ mar is cuimhin le hÓ Súilleabháin agus ghlaigh siad ‘pátrúin na scoile’ orthu féin freisin. Braitheann Ó Súilleabháin go raibh Caisleán an Bharraigh ‘réidh’ le haghaidh scoil lán-Ghaeilge ‘ach ní raibh scoileanna an bhaile réidh. Ag an am, 1982-3, bhí scoil na mbuachaillí agus scoil na gcailíní ann agus b’in sin, agus ceann acu faoi bhráid na mBráithre [Críostaí] agus ceann acu faoi bhráid na mban rialta. Agus, bhuel, bhí sé deacair.’ Bhí na scoileanna sin an-bhuartha faoi thitim ar líon na ndaltaí. Chuaigh Art agus Úna chuig na bráithre agus na mná rialta ag ceistiú an mbeidís sásta sruth Gaeilge a bhunú ionas nach gcuireadh sé as do na huimhreacha, ach ní raibh siad sásta.²⁷⁹ Nuair a eagraíodh cruinniú poiblí ar an mbaile thart faoi 1982 tháinig an Teachta Dála Pádraig Flynn aníos ó Bhaile Átha Cliath agus ghlac sé an chathaoir. Sheol an Teachta Dála Enda Kenny, Fine Gael, a leithscéalta nach bhféadfadh sé a bheith ann. Is cuimhin le Ní Ghabhláin faoin gcruinniú, ‘bhí daoine ann a bhí ina choinne, daoine go raibh baint acu le scoileanna eile... Ach chuireamar coiste ar bun, mé féin mar chathaoirleach, agus bhí roinnt daoine ach de réir a chéile ní raibh fágtha ag an deireadh ach triúr againn. Ach coiste an-mhaith a bhí ann—Art Ó Súilleabháin, Tony Mac Amhlaidh.’ Chuir an coiste litreacha amach go daoine a raibh páistí acu faoi bhun ceithre bliana d’aois. Bhí siad cúramach gan páistí a thógáil ó scoileanna eile agus páistí nua a mheal-

278 Agallamh.

279 Agallamh le hArt Ó Súilleabháin.

ladh. ‘Chuamar chuig an bparóiste chun liosta de na daoine a baisteadh a fháil,’ a deir Ní Ghabhláin. ‘Ní raibh an fear a bhí ag obair ar son an tsagairt [róshásta]. Bhí sé ag gearrán... agus ní thaispeánadh sé an *baptism book* dúinn, ar eagla—tá sé seo greannmhar *now*—ar eagla go bhfeicfeadh muid gur tháinig an páiste róluath tar éis pósadh [GAIRE].’ Léigh an cléireach paróiste ainmneacha na bpáistí amach a rugadh i réimse blianta áirithe agus sheol Ní Ghabhláin litreacha timpeall chuig tuismi-theoirí na bpáistí céanna.²⁸⁰ Tuairiscíodh sa *Mayo News* gur reáchtáladh suirbhé thart faoin am céanna chun mianta na dtuismitheoirí a mheas agus faomhadh na Roinne Oideachais a dheimhniú.²⁸¹ D’éirigh leo cúig nó sé pháiste dhéag a chlárú, mar is cuimhin le hÓ Súilleabháin, agus ghlac an roinn leis sin ar an gcoinníoll go mbeadh tuilleadh páistí ag teacht ina dhiaidh sin.

Léirigh an Eaglais Chaitliceach freasúra chomh maith. Dhiúltaigh an t-ardeaspag a bheith ina phátrún ar an scoil i dtosach. Ach tháinig athrú poirt ar ball mar is cuimhin le hÓ Súilleabháin:

...bhí sé suimiúil, chuaigh an scéal ar ais chuige go raibh mise ag tac ag ár n-ardeaspag Protastúnach, in aice le Conga. Tógadh i gConga mé—bhuel, níor tógadh i gConga mé, chaith mé cúpla bliain i gConga—agus ba shliocht Church of Ireland mo sheanmháthair agus mo mháthair. Ba chuma liom, ach lá ina dhiaidh, bhí pátrún againn agus bhí scoil againn.

Ó Luain: Déarfá go raibh siad buartha go mbunófaí scoil Phrotastúnach, b’fhéidir?

Níl aon dabht faoi, níl aon dabht faoi, mar tairgíodh an áit, seanscoil, agus cúpla céad punt—ba mhór an (méid) é ag an am—le haghaidh troscáin, go mbeadh muid ann lá ina dhiaidh sin, agus bhí.²⁸²

Ainneoin an fhreasúra, bhí an bord bainistíochta sásta go mbeadh sagart ar an mbord chomh fada is nach mbeadh sé ina chathaoirleach. Thagadh reachtaire Protastúnach agus an sagart Caitliceach chuig an scoil, ach ní raibh mórán Protastúnach sa scoil, mar nach raibh mórán i gCaisleán an Bharraigh, dár le hÓ Súilleabháin. Bhí Protastúnaigh thart ar Chathair na Mart ceart go leor agus scoil acu ann. Tríd is tríd, agus cé gur roghnaigh an bord an t-ardeaspag mar phátrún, níor chaith an Eaglais Chaitliceach go maith leis an scoil. Cuireadh Art ar liosta dubh

280 Agallamh.

281 *Mayo News*, an 18 Bealtaine 1983.

282 Agallamh.

i nDeoise Thuama agus cuireadh bac air a bheith mar bhall de bhord agallamh, rud nach bhfuair sé amach faoi go dtí 30 bliain ina dhiaidh sin. Ag an leibhéal áitiúil agus mar bharr ar an donas, níor cuireadh Scoil Raifteirí san áireamh in imeachtaí a bhí ag dul ar aghaidh idir na scoileanna paróiste agus fágadh ar lár iad. Fágadh amach as imeachtaí sa séipéal iad chomh maith. Ag deireadh na bliana cuireadh amach ráiteas a luaigh cá raibh airgead le dul i dtaobh na scoileanna ‘ach ní raibh aon rud ag teacht chugainne,’ mar is cuimhin le hÓ Súilleabháin. Ar an dea-uair, tháinig athrú ar chúrsaí nuair a tháinig sagart paróiste nua isteach darb ainm an tAthair Curran agus bhí seisean níos báúla. Thug Curran méid mór airgid do halla mór sa scoil nua agus d’éirigh rudaí níos fearr ina dhiaidh sin. I dtaobh an tinrimh ar an scoil, luann Ó Súilleabháin go bhféadfadh gur chuir tuismitheoirí a bpáistí chun na scoile de bharr gur scoil mheasctha a bhí ann agus nár scoil eaglaise í, ‘ach ar ndóigh bhí an córas ann go mbeadh Gaeilge acu’ agus bhí córas tumoideachais i bhfeidhm ‘agus dá mbeadh na tuismitheoirí sásta leis an méid sin, ba chuma linn.’²⁸³

Ar tháinig aon eagraíocht i gcabhair ar Scoil Raifteirí agus iad sna luathbhlianta? Ba dhóigh le hÓ Súilleabháin nár tháinig. Bhí Gaelscoileanna ‘an-óg’ ag an am agus is cuimhin leis ‘go raibh muid ag snámh in aghaidh easa muid féin.’ Cé gur athraigh cúrsaí ar ball, ‘ní raibh aon eagraíocht náisiúnta (ann) go raibh muid in ann teacht air agus cabhair a fháil uathu... an t-aon tacaíocht a bhí le fáil ná príomhoidí eile ar na Gaelscoileanna’ agus ‘bhí tacaíocht le fáil ó na hionaid oideachais.’²⁸⁴ I gcontrárthacht leis an léamh sin ar an scéal is cuimhin le Ní Ghabhláin gurb é Gaelscoileanna ‘an t-aon *bright spot* a bhí ann, an t-aon dream ar chor ar bith a thug tacaíocht dúinn. Bhí siad i gcónaí ar an bhfón dá mba mhian liom ceist a chuir... tacaíocht chomhairleach.’²⁸⁵ Thuas i mBaile Átha Cliath bhuaile leithéidí Choilm Uí Dhúlacháin agus Thomáis Mhic Gabhann le Pádraig Flynn, a bhí ina Aire Gaeltachta ag an am. Luaigh Ó Dúlacháin le Flynn nach raibh Gaelscoil ar bith i gCaisleán an Bharraigh agus, i bhfocail Uí Dhúlacháin, phioc Flynn an guthán suas agus d’eagraigh sé cruinniú in Óstán i gCaisleán an Bharraigh chun an cheist a phlé. Nuair a d’fhreastail Ó Dúlacháin ar an

283 Agallamh.

284 Agallamh.

285 Agallamh.

gcuinniú sin bhí sraith múinteoirí ó na scoileanna náisiúnta áitiúla ag an gcuinniú. ‘Ba rud nua a bhí ann ag an am,’ arsa Ó Dúlacháin, ‘agus nuair atá rud nua is féidir go nglacann daoine leis gur rud contúirteach a bheadh i gceist don chóras mar a bhí, don *status quo*.’²⁸⁶

Mar a tuairiscíodh sa *Western People* nuair a osclaíodh Scoil Raifteirí i gCaisleán an Bharraigh ar dtús báire is i seanscoil Eaglais na hÉireann ar Bhóthar Pavillion a bhí sé. Ag an oscailt oifigiúil, bheannaigh an tAthair Goaley, a bhí ar bhord bainistíochta na scoile, agus an Canónach Vaughan an foirgneamh agus na daltaí.²⁸⁷ Bhí an tseanscoil Phrotastúnach ag titim as a chéile mar a mhaíonn Ní Ghabhláin, ach tháinig na tuismitheoirí le chéile agus chuir siad caoi uirthi. Ba leis an gcomhairle contae an talamh ar a raibh an tseanscoil, ach dhíbhir an chomhairle Scoil Raifteirí roimh an Nollaig bliain amháin. Ina dhiaidh sin bhí sin bhí an scoil scaipthe ar fud an bhaile, i ngruagaire agus i gclub leadóige, agus í ag bogadh ó áit go háit. Níor jab éasca é déileáil leis an Roinn Oideachais chun ceist an tsuímh a réiteach. ‘Bhí cineál buntáiste againn mar gur státseirbhíseach mé féin,’ arsa Ní Ghabhláin, ‘agus thuig mé iad agus thuig mé na deacrachtaí... agus an meon. Bhí mé in ann cairdeas ar bhealach a thógáil. Ach bhí sé deacair. Caithfidh mé a rá ach amháin polaiteoirí ní bheadh muid ann ar chor ar bith, ach go háirithe Pádraig Flynn... Nuair a tháinig sé chuig an *site* a fháil an rud a bhí ann ná... shocraigh Pádraig Flynn é. Bhí sé san oifig nuair a chuir sé glaoch ar Mary O’Rourke... rinne sé socrú éigean eatarthu agus ceannaíodh an suíomh dúinne.’²⁸⁸ Is cuimhin le hÓ Súilleabháin go raibh orthu dul ag troid le Enda Kenny, a bhí ina fho-aire, agus le Flynn ar feadh na mblianta chun an suíomh a fháil, agus nuair a tugadh é cothaíodh olc i measc roinnt de na comhairleoirí ar an mbaile de bharr gur suíomh maith a bhí ann. Deacracht bhreise an tráth sin ná cúrsaí teicneolaíochta mar is cuimhin le hÓ Súilleabháin: ‘dár ndóigh nuair a smaoiníonn tú siar ag na 1980í bhí an teileafón féin beagánín nua, agus bhí sé deacair teagmháil a dhéanamh le daoine éagsúla agus leis an gcóras... is cuimhin liom a bheith ar an bhfón lá iomlán ag iarraidh teacht ar dhuine éigin sa Roinn Oideachais.’²⁸⁹

286 Agallamh.

287 *Western People*, an 17 Meán Fómhar 1983.

288 Agallamh le hÚna Ní Ghabhláin.

289 Agallamh.

Bhí neart tiomsaithe airgid le déanamh chun an scoil a choimeád ag feidhmiú. Mhínigh an *Connacht Telegraph* i samhradh na bliana 1984 go raibh Scoil Raifteirí ag brath cuid mhór ar dhea-thoil na dtuismitheoirí. B'iadsan a rinne an scoil a ghlanadh, an gairdín a chóiriú agus bhí £4,000 tiomsaithe acu ar son na scoile chomh maith.²⁹⁰ Deir Ní Ghabhláin go raibh ar thuismitheoirí na céad bhliana múinteoir a íoc ó am go chéile mar nach bhfaigheadh an múinteoir pá go dtí an Meán Fómhair ina dhiaidh sin.²⁹¹ Reáchtáladh díolachán cácaí, tráth na gceist, oíche Gaelacha agus céilithe. 'Bhí sé an-éasca *crowd* a bhailiú le haghaidh céilí agus rince seit,' a mhaíonn Ó Súilleabháin, 'bhí na bannaí fiorthábhachtach. Is cuimhin liom an Silver Spear ag teacht am éigin. Ach bhí muid i gcónaí, i gcónaí ag lorg airgid le haghaidh nithe simplí: troscáin; péint; áiseanna múinteoireachta.'²⁹²

Tháinig rath ar an scoil diaidh ar ndiaidh ainneoin tuilleadh freasúra i gcodanna áirithe. Fiú agus scéal dearfach faoi oscailt Scoil Raifteirí, bhí aineolas le brath i scríbhneoireacht na meán. '*This little publicised all Irish National School,*' a mhínigh an *Connacht Telegraph* in Iúil 1984, '*is not as tyrannically all Irish as the term implies.*'²⁹³ I dtreo dheireadh na bliana thuairiscigh Colm Ó Dúlacháin go ndearna Cumann Múinteoirí Éireann 'iarracht ar chosc a chur le ceapacháin an dara hoide nuair a tháinig páiste is tríocha chun na scoile i mí Mheán Fómhair.'²⁹⁴ Lean an scoil ar aghaidh ag fás, mar sin féin, agus measann Ó Súilleabháin gur dul chun cinn tábhachtach a bhí i mbunú na scoile don réigiún agus don chlaochlú sochái:

Thuig mé go raibh Gaelscolaíocht ag fás agus bhí muid an-bhródúil as gur fhás an rud agus go raibh muid páirteach agus, ar bhealach, go raibh rud éigin déanta againn féin i gCaisleán an Bharraigh, ní déarfadh mé in aghaidh na chléire, ach in aghaidh an chórais. Mar bunaíodh scoil go luath sna 1980í agus níor chóir go mbeadh a leithéid ann. Tháinig scoileanna eile go Maigh Eo ina dhiaidh sin agus [chuir muid] comhairle orthu—ceann i gCathair na Mart, ceann i mBéal an Átha, Clár Chlainne Mhuiris... ach murach an chéad cheann ag tosnú i gCaisleán an Bharraigh, níl a fhios agam an mbeadh ceann

290 *Connacht Telegraph*, an 4 Iúil 1984.

291 Agallamh.

292 Agallamh.

293 *Connacht Telegraph*, Iúil 1984.

294 Tuairisc ón Eagraí Náisiúnta, Colm Ó Dúlacháin, Gaelscoileanna, Samhain 1984.

i [Maigh Eo] go dtí i bhfad ina dhiaidh sin... De réir mar a chuaigh cúrsaí ar aghaidh, d'airigh muid go raibh rud fiorthábhachtach déanta againn. Bhí córas nua curtha i gcrích againn. Agus bhí sé suimiúil ag an am... nach raibh an chlérí i bhfeighil ar an scoil go hiomlán. Ba mhór an t-athrú é sin ar chúrsaí oideachais ag an am. Tá sé fós mar sin.²⁹⁵

Advanced Review Copy

CAIBIDIL 13:

GAELSCOIL DARA, TÍR OILEÁIN, 1983

Bhí SCOIL FHURSA agus Scoil Iognáid ann i gCathair na Gaillimhe, ach iad i lár na cathrach. De réir mar a d'fhás na bruachbhailte i dtuaisceart chathair na Gaillimhe tháinig dream darb ainm Cairdeas Gael Thír Oileáin ar an bhfód agus ghlac orthu féin feachtasaíocht ar son scoil lán-Ghaeilge sa taobh sin den chathair.²⁹⁶ Bunaíodh Gaelscoil Dara i dTír Oileáin in 1983 agus bhí Uinseann Mac Thómais ina rúnaí ar an gcéad bhord bainistíochta sa scoil uaidh sin chomh fada anonn le 1990. Léiriú spéisiúil ar mheon roinnt de lucht bunaithe na scoileanna mar a bhaineann sé leis an bhféintuilleamaí agus an tógáil pobail áitiúil is ea an méid a deir Mac Thómais:

Bhíodh an dearca agam i gcónaí faoi rud ar bith, ná bac le céard atá aon duine eile a dhéanamh, díriú ar an rud atá tusa ag iarraidh a dhéanamh. Mar bheadh ceist éada, nó daoine buartha faoi céard atá siad seo a dhéanamh nó cén buntáiste atá á fháil. Agus bhíodh mise... ag rá “ná bac le héinne eile, tá jab le déanamh againne”... sin an fáth nach raibh aon tuiscint, ná aon suim ar céard a bhí ar siúl ag aon pháirtí eile mar bhí neart le déanamh againn féin... Ní raibh siad mar chuid de ghluaiseacht s’againne nó gluaiseacht phobail, chomh fada is a bhain sé liomsa. Bhí siad ag déanamh a rud féin agus muidne ag déanamh ár ruda féin.²⁹⁷

Ba in éadan dearcthaí na bpríomhoidí áitiúla a bhí lucht bunaithe Ghaelscoil Dara ag snámh ar dtús, mórán ar an gcaoi chéanna le lucht Scoil Raifteirí. Chuir príomhoidí na ‘scoileanna Béarla,’ mar a thug Mac Thómais orthu, ‘i gcoinne aon scoile eile sa gceantar mar gheall ar dháileadh páistí agus mar sin de. Agus muid isteach sa ghaineamh, mar a déarfá.’ Ach tháinig fear darb ainm Pól Ó Foighil, fear a bhí an-ghníomhach i gcúrsaí forbartha pobail agus coláistí Gaeilge, agus a bhí mar chomhairleoir ag an am le Fine Gael, chuig an lucht bunaithe ag tairiscint cabhrach. ‘Agus (tháinig) Pól chugam lá amháin agus dúirt sé “cuideoidh mé leat an Ghaelscoil a bhunú,” agus dúirt mise is cuma liomsa cé atá rannpháirteach ann a fhad is go dtarlaíonn an rud.’ Ghairm Ó Foighil cruinniú idir príomhoidí an cheantair sa Rinn Mhór, i Muirbheach agus áiteachaí eile. Thug na príomhoidí le fios nach raibh aon éileamh ar scoil lán-Ghaeilge ach dhearbhaigh Ó

²⁹⁶ Gearrthóga agus comhfhreagras éagsúil Uinsinn Mhic Thómais, 1983.

²⁹⁷ Agallamh.

Foighil go raibh. Bhí borradh tar éis teacht ar na bruachbhailte agus ar Thír Oileáin a bhí buailte ar Ghaeltacht Mhionlaigh. Rinne Cairdeas Gael Thír Oileáin suirbhé a léirigh go raibh éileamh agus tacaíocht ann do scoil lán-Ghaeilge. Chuaigh Mac Thómais agus a chomhghleacaithe timpeall ar 800 teacht. Ach nuair a luaigh Ó Foighil go ndearnadh a leithéid bhí na príomhoidí ag an gcrúinniú ar buile.²⁹⁸

Feictear i bpáipéir Mhic Thómais mionsonraí praiticiúla eile a bhain le feachtas ar son scoil lán-Ghaeilge i gceantar áitiúil.²⁹⁹ Scaip Cairdeas Gael Thír Oileáin bileog i gceantar Thír Oileáin ag fógairt ‘crúinniú mór’ i Halla an tSéipéil sa cheantar i mí Mhárta 1982. Dúradh sa bhileog gur éirigh thar cinn leis an gceistneoir a scaipeadh go tuairim is 800 teach sa cheantar ‘i dtaobh Ghaelú na háite.’ D’éirigh leis na hiarrachtaí clúdach leathan a fháil sna meáin áitiúla agus náisiúnta. Léiríodh meon na n-eagraithe ag bun na bileoige áit ar scríobhadh na focail ‘Chun Leasa na hÁite, Chun Leasa na nDaoine, Chun Leasa na Gaeilge.’³⁰⁰ Ina dhiaidh sin, d’eagraigh an grúpa ócáid eile i dtreo dheireadh na bliana—‘Oíche Cheoil agus Chainte.’ Reáchtáladh é sa halla céanna agus bhí crannchur ar an oíche chun airgead a thiomsú. Mac Thómais a bhí mar oifigeach caidrimh phoiblí ag an am agus scríobh sé chuig iriseoirí amhail Pat Butler in RTÉ féachaint an ndéanfadh sé ‘roinnt poiblíochta’ orthu nó ‘giota (de) chlár fuinn.’ Míníodh gur grúpa nuabhunaithe ‘i gceantar Gaeltachta cathrach’ a bhí iontu agus ‘aidhmeanna comhphobail agus teangan againn.’ Iarradh freisin ar an sagart paróiste, an tAthair Seán Foy, fógra a léamh amach ag an Aifreann.³⁰¹ I rith na bliana 1983 seoladh litreacha chuig na meáin áitiúla, amhail an *Galway Advertiser*, ag moladh togra dá leithéid. Anuas air sin rinneadh stocaireacht ar na grúpaí pobail áitiúla trí litreacha dátheangacha a sheoladh chucu agus eagraíodh taispeántas físeán—le cabhair Cholm Uí Dhúlacháin agus Gaelscoileanna—chun buntáistí na Gaelscolaíochta a mhíniú. Ba léir i dThír Oileáin go raibh ganntanas seirbhísí poiblí ann ag tús na 1980í—an rud ba mhó a bhí in easnamh ná ionad pobail agus rinneadh iarracht tógáil an ionaid pobail nua a na-

298 Agallamh le hUinseann Mac Thómais.

299 Gearrthóga agus comhfhreagras éagsúil Uinsinn Mhic Thómais, 1983.

300 Bileog dár dteideal ‘Ceistneoir Gaeltachta,’ Márta 1982.

301 Litir ó Uinseann Mac Thómais, oifigeach caidrimh phoiblí, Cairdeas Gael Thír Oileáin, go Pat Butler, iriseoir RTÉ, 20 Samhain 1982.

scadh le forbairt scoile lán-Ghaeilge sa cheantar.³⁰² Faoi dheireadh na bliana tuairiscíodh sa *Connacht Tribune* gur eagraigh Cairdeas Gael Thír Oileáin cruinniú poiblí eile ar son scoil lán-Ghaeilge ar ar fhreastail ionadaithe ó Ghaelscoileanna, ó ghrúpaí áitritheoirí áitiúla agus ionadaí ón Eaglais, an tAthair Seán Foy.³⁰³ I dtuairisc inmheánach Gaelscoileanna ar an gcruinniú céanna dúradh go ndearna Colm Ó Dúlacháin béim a leagan ar na scoileanna lán-Ghaeilge mar ‘an important part in community development in general.’³⁰⁴

D’éirigh le Cairdeas Gael Thír Oileáin an scoil lán-Ghaeilge a bhunú in 1983. Mar is cuimhin le Mac Thómais, fuair Gaelscoil Dara ‘dídean sealadach leis na Bráithre Carthanachta... iar-ospidéal a bhí ann. Rinne sé an jab ar feadh blianta.’ Ba bhardaí ospidéal a bhí sna seomraí scoile. Ach braitheann Mac Thómais nach raibh ‘na Bráithre ró-charthanach... bhí cíós ard i gceist.’ Tugadh an foirgneamh le fáilte ach bhí tiomsú airgid de dhíth chun an cíós a íoc. Bhí caidreamh sórt achrannach idir lucht na Gaelscoile agus Easpag Dheoise na Gaillimhe, Éamon Ó Cathasaigh. ‘D’iarr muid air a bheith mar phatrún agus dhiúltaigh sé,’ arsa Mac Thómais, ‘ach dúirt muid leis “tá sé sin ceart go leor. Iarrfaidh muid ar easpag Protastúnach Thuama a bheith mar phatrún.” Agus tháinig litir ar ais a rá go raibh athmhachnamh déanta ar an scéal agus go mbeadh seisean sásta feidhmiú mar phatrún. Rud a tharla.’³⁰⁵

D’éirigh go maith le Gaelscoil Dara i dtaobh an tiomsaithe airgid. Rinne Seán Ó Leidhin na céadta tráth na gceist. Bhí sé ‘ar nós lachan san uisce’ dár le Mac Thómais. Chuaigh cuid den airgead ar chíos, cuid ar threalamh, agus cuid eile ar athchóiriú. Le cois na dtráthanna ceisteanna, bhí bealaí eile bailithe airgead ann mar is cuimhin le Mac Thómais: ‘Rinne mé maratón i mBaile Átha Cliath in 1984 mar fheachtas airgid don scoil agus bailíodh rud éicint ar nós £600... Bhí mé ag ritheacht trí Pháirc an Fhionnuisce agus tháinig an cailín suas go dtí mé agus chas sí mo threo agus dúirt sí “*your pace or mine?*” [GÁIRE]. Agus bhí mé ag ritheacht i Ráth [Maonais], sílim, ag teacht isteach i dtreo na

302 Gearrthóga agus comhfhreagras éagsúil Uinsinn Mhic Thómais, 1983.

303 *Connacht Tribune*, an 11 Samhain 1983.

304 Tuairisc nó litir dár teideal *Scoil Lán-Ghaelach for Terryland?*, an 10 Samhain 1983.

305 Agallamh.

cathrach arís agus shín an leaid seo pionta iomlán Guinness amach os mo chomhair agus dúirt sé “*c’mon*,” agus é ag léamh mo léine, “*c’mon, c’mon... eh* Gaelscoil... Dara!” [GÁIRE].’ Ghlac sé os cionn cúig uair an chloigh ar Mac Thómais an maratón a chríochnú agus mar a dúirt sé ‘níor dhein mé aon mharatón ó shin. Go deimhin níor rith mé orlach ó shin [GÁIRE].’³⁰⁶

CAIBIDIL 14:

CUMANN MÚINTEOIRÍ ÉIREANN (INTO)

FÁGAIMIS BUNÚ GAELSCOILEANNA áirithe ar leataobh, is mithid anois aghaidh a thabhairt ar dhearcadh eagraíochta amháin i leith na hearnála. Tuairiscíodh ar *Inniu* sa bhliain 1976 gur eisigh Cumann Múinteoirí Éireann, nó an INTO mar is fearr aithne orthu, ráiteas a chuir in iúl go raibh ‘laghdú tubaisteach tagtha ar chaighdeán na Gaeilge sna bunscoileanna.’ De réir suirbhé de chuid na heagraíochta ar dhearcadh breis is 11,000 múinteoir ‘nór tháinig feabhas ach ar ghné amháin de mhúineadh na Gaeilge, is é sin an léitheoireacht sa Ghaeilge, ó cuireadh tús leis an gcuraclam nua cúig bliana ó shin.’ Ba bhac mór é freisin a d’áitigh an eagraíocht an líon mór páistí i ngach rang bunscoile.³⁰⁷ In 1978 bhí an INTO fós fabhrach don Ghaelscolaíocht. Mar shampla, thuairiscigh Mícheál Ó Muircheartaigh, Uachtarán Gaelscoileanna, ag cruinniú den Choiste Riartha i Márta na bliana sin go mbeadh formhór óráid Uachtarán INTO, Brendan Scannell, ag comhdháil bhliantúil na heagraíochta an bhliain chéanna ‘bunaithe ar na deacrachtaí ag scolaíocht trí Ghaeilge.’³⁰⁸ Go deimhin, thuairiscigh an *Evening Echo* ar aitheasc Scannell, i dTrá Lí i Márta na bliana sin agus scríobhadh gur labhair Scannell i nGaeilge nuair a d’áitigh sé go raibh deireadh leis an ‘*downward trend*’ i líon na scoileanna lán-Ghaeilge.³⁰⁹

Má bhí óráid Scannell tomhaiste bhí athrú poirt ann in 1982 ag an gcomhdháil bhliantúil i gCill Airne nuair a thug Frank Cunningham óráid uaidh. Bhí roinnt mhaith Gaeilge ina aitheasc a dhírigh go príomha ar chinneadh an rialtais an aois iontrála do na bunscoileanna a ardú, rud a chiallaigh go raibh sé ‘ina chogadh dearg.’ Ach maidir leis an nGaeilge, dúirt sé go raibh, ‘le tamall anuas... daoine áirithe ag clamhsán faoi staid na teangan, agus ag iarraidh an milleán a chur ar na scoileanna.’ Ba chosantach a bhí a chuid focal sa chuid eile den ráiteas. ‘Má tá meath ag teacht ar an nGaeilge ní orainne atá an locht agus nílimid sásta glacadh le cáineadh ó dhaoine nó ó eagraíochtaí ar bith,’ a dúirt sé. D’áitigh sé go raibh a gcion déanta ag múinteoirí ar son na

307 *Ráiteas an INTO faoin nGaeilge*, Gearrthóg ó *Inniu*, an 2 Iúil 1976.

308 Miontuairiscí Choiste Riartha Gaelscoileanna, Áras na Comhdhála, an 22 Márta 1978, 2.

309 *Evening Echo*, an 28 Márta 1978.

Gaeilge agus chuir sé an milleán ar ‘easpa suime an phobail agus easpa díograise an stáit’ i leith na Gaeilge as an meath a bhí tagtha uirthi. Ba léir dó go raibh ‘gaol stairiúil ag an nGaeilge le bochtanas agus le lagmhisneach.’ Má bhí an stát agus an pobal ag iarraidh ar na múinteoirí cloí leis an teanga ‘caithfidh na tuismitheoirí, an pobal agus an stát a léiriú go soiléir go bhfuil siad i bhfábhar na hiarrachta agus éirí as an gcur i gcéill. Más mian leo an Ghaeilge a athbheochaint is fúthu féin atá an réiteach.’³¹⁰

Ba léir go raibh an INTO ag éirí cosantach faoi staid na Gaeilge sa ghnáthchóras oideachais Béarla. I lár na 1970í thuar lucht na Gaelscolaíochta go bhféadfadh an INTO dul sa treo seo. Pléadh ag cruinnithe Comhdháil Náisiúnta na Scoileanna Lán-Ghaeilge in 1976 arbh fhiú tacaíocht an INTO a lorg don Ghaelscolaíocht. Cinneadh go mbeadh ‘dhá dhílseacht’ i gceist i dtaobh na múinteoirí de agus ‘nach mbeadh sé inmholta (iad) a chur i sáinn.’³¹¹ Ina theannta sin, in 1977, bhí buairt ar leithéidí Aingeal Ní Bhuachalla, Scoil Lorcáin, faoin socrú speisialta a rinneadh do na scoileanna Gaeilge chun go mbeidís ábalta baill áirithe a roghnú do na coistí bainistíochta. Bhí eagla uirthi ‘go ndéanadh múinteoirí gearán leis an I.N.T.O faoin socrú seo.’³¹² Ach ba in 1984 a tháinig an crú ar an tairne i dtéarmaí na Comhdhálacha Bliantúla INTO—ní mar gheall ar bhuntáistí an chórais bainistíochta dhaonlathaigh a bhí ag na Gaelscoileanna ach de bharr ‘buntáistí’ eile a creideadh a bhí acu thar na gnáthscoileanna Béarla. Bhí an nimh san fheoil ag roinnt múinteoirí do na Gaelscoileanna a bhí ag teacht ar an bhfód mar a luadh cheana thuas faoi Ghaelscoil Dara. Bhí sé de nós ag lucht bunaithe Gaelscoileanna i gCiarraí dul timpeall ag scaipeadh bileoga sna bailte ina raibh sé i gceist acu Gaelscoil a bhunú, arsa Pádraig Mac Fhearghusa, ‘rud ar dhein an INTO iarracht iomlán a chosc ina dhiaidh san, “níl cead agat earcaíocht (a dhéanamh),” an dtuigeann tú?’ Is cuimhin le Mac Fhearghusa a bheith i láthair ag cruinniú tionscadail den INTO i Lios Tuathail thart faoin am seo agus bhí ocht nduine is fiche i láthair:

agus d’earcaigh príomhoide ar scoil áirithe tuaithe slua múinteoirí chun

310 *Presidential Address: Kilarney 1982, Frank Cunningham*, in *An Múinteoir Náisiúnta*, samhradh 1982.

311 Miontuairiscí Choiste Riartha CNSG, Coláiste Mhuire, 30 Aibreán 1976, 2.

312 Miontuairiscí Choiste Riartha Gaelscoileanna, an 30 Bealtaine 1977.

teacht isteach in éineacht leis, agus bhí ceithre dhuine dhéag againn chun an scoil (lán-Ghaeilge) nua a bhunú, agus bhí ceithre dhuine dhéag de na múinteoirí ann. Go bunúsach, chun fadhbanna a chruthú bealach amháin nó bealach eile. Ach ar deireadh thiar thall, d'éirios tuirseach de phríomhoide an scoil áirithe tuaithe seo agus do sheas mé suas agus dúras, “bhuel tháingamar anso chun scoil lán-Ghaeilge a bhunú. Táthar ag cur cosc orainn. Táimse ag fógairt anois go mba chóir dúinn—an chuid againn a bhfuil fonn orthu an scoil a bhunú—ionad eile cruinnithe a roghnú, dul chuige, agus an scéal a thabhairt go dtí an *Kerryman* [GÁIRE], agus shiúil an ceithre dhuine dhéag eile amach—shiúil mo dhuine amach ar dtús, ach shiúladar go léir amach agus leanadar ar aghaidh.”³¹³

Ar an gcaoi chéanna, is cuimhin le hÚna Ní Ghabhláin nach raibh na scoileanna eile i gCaisleán an Bharraigh ná an INTO ar an mbaile róshásta le hiarrachtaí lucht bunaithe Scoil Raifteirí sna luath-1980í. ‘Níor thug siad cuidiú,’ ar sí. Níor thuig sí an chnámh spairne a bhí ag an INTO ‘mar bhíomar ag cur jabanna ar fáil dá mbaill... ach bhí buntáiste ag na Gaelscoileanna—níl fhios agam an bhfuil sé fós ann—go raibh an *pupil/teacher ratio* níos fearr ná na scoileanna eile *so* b’fhéidir gur chuir sé sin as dóibh... agus ceapaim go raibh pá beagánín níos mó ann as bheith ag múineadh trí Ghaeilge.”³¹⁴ Bhí freasúra ann ar bhonn leanúnach nuair a chuaigh Colm Ó Dúlacháin ag feachtasaíocht ar son Gaelscoileanna: ‘Is cuimhin liom in iarthar na tíre áit ar bith a rachainn chuig cruinnithe le tuismitheoirí, mar dhea, go bhfeicfinn na haghaidheanna céanna ag caitheamh amach ceisteanna; “*Are you saying the local teachers aren’t good enough?*”’ Rud a bhí níos sleamhaine ná go ndeachaigh rúnaí ginearálta INTO go Bord na Gaeilge (bhí an Bord fós ag maoiniú fostaithe lánaimseartha Gaelscoileanna) le bileog eolais dár dteideal *The Advantages of Gaelscoileanna*, bileog eolais a chuir Ó Dúlacháin le chéile. Bhí ‘*bilingualism*’ agus ‘*smaller class sizes*’ luaite leis agus ‘do léimeadar air sin.’³¹⁵

Tháinig an doicheall seo go huachtar ag leibhéal an stáit in 1984. Ba mhór an dealramh cruinnithe cinn bliana roimhe seo le ceann na bliana 1984. Tharraing roinnt ball de INTO raic mar gheall ar fhás na Gaelscolaíochta ag a gcomhdháil bhliantúil in Aibreáin na bliana sin. Thuairiscigh an *Irish Press*, ‘*the INTO delegates demanded that ordinary na-*

313 Agallamh.

314 Agallamh.

315 Agallamh.

tional schools receive parity of treatment in funding and facilities with the all-Irish schools. Chuaigh siad chomh fada le líomhaintí gur institiúidí ‘*elitist*’ a bhí sna Gaelscoileanna agus gníomh a lorg i gcoinne ‘*INTO members found canvassing for pupils on behalf of Scoileanna Lán-Ghaelacha.*’ Bhí buairt ann i measc roinnt toscairí go raibh líon na ndaltaí sna scoileanna Béarla ag titim agus go raibh baol ann go mbogfaí múinteoirí ó cheantair áirithe. Thacaigh an *Irish Press* leis na Gaelscoileanna, ámh:

*The INTO concern about members being put on the transfer panels is understandable, but it hardly invalidates the special help which all-Irish schools now receive in accordance with government policy on the promotion of the Irish language. Should those seeking to establish all-Irish schools not bring to parents’ attention the staffing and other concessions which they enjoy?... Is the State not entitled to discriminate positively in favour of all-Irish schools?*³¹⁶

Bhí Uachtarán INTO, John Joe Connelly, ar aon intinn le cuid mhaith de na baill nuair a dúirt sé, ‘*these Irish schools could clearly be seen as being elitist.*’ Ritheadh agus glacadh le rún a d’éiligh an leibhéal céanna airgead do na múinteoirí agus scoileanna sa chóras náisiúnta is a bhí ar fáil do na Gaelscoileanna. Thacaigh ball d’fheidhmeannacht INTO, Tim Galvin, leis an rún. Ba léir gur chuir Galvin a ladar isteach i scéal a bhain le bunú Gaelscoile i Ros Mhic Thriúin. Tháinig sé chun solais gur eisigh feidhmeannacht INTO litir thréan chuig tuismitheoirí sa cheantar ag maíomh go raibh oideachas sa Ghaeilge mar ábhar le fáil sna scoileanna náisiúnta ó bunaíodh an stát agus go raibh na scoileanna céanna i dteideal go gcaitheadh an stát leo go cothrom.³¹⁷ Chosain Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bhord na Gaeilge, Michael Grae, an Ghaelscolaíocht san *Irish Independent* roinnt laethanta ina dhiaidh sin. Thuairiscigh an nuachtán gur mhínigh Grae, ‘*those organising all-Irish primary schools sought no more than to try to offset difficulties and disadvantages facing those seeking education through Irish.*’³¹⁸ Creideann Mac Fhearghusa gur mhaolaigh ar fhreasúra an INTO i leith na Gaelscolaíochta ar ball ‘nuair a thuigeadar go raibh 1,000 múinteoir ag múineadh sna Gaelscoileanna agus go gcaillfidís iad.’ Agus ní raibh múinteoirí uilig an cheantair ina choinne nó is cuimhin leis bean rialta amháin i Scoil Tairbeart a chabhraigh le Scoil Mhic Easmainn trí clár dubh a thabhairt

316 *Irish Press*, an 28 Aibreáin 1984.

317 *Irish Examiner*, an 28 Aibreáin 1984.

318 *Irish Independent*, an 30 Aibreáin 1984.

dóibh.³¹⁹ Ba é an bhuairt go gcaillfí tacaíocht an phobail a chinntigh nach n-iompódh na polaiteoirí i gcoinne na Gaelscolaíochta de bharr ghearáin an INTO dár le hÓ Dúlacháin; ‘nuair a bhí na tuismitheoirí ar bord tuigeadh go raibh níos mó vótaí sna fiche tuismitheoir ná sna múinteoirí a bhí chun vótáil do pháirtí éigin eile pé scéal é.’ Is é tuairim Uí Dhúlacháin ar an scéal ná gur bagairt a bhí sna Gaelscoileanna ag an am ‘do mhúinteoirí seanbhunaithe a shíl go raibh siad ag déanamh an ruda chirt, go raibh Gaeilge mhaith á múineadh agus í á cur ar fáil do pháistí, agus go raibh mise ag teacht isteach in aois fiche a cúig nó rud éigin ag gríosadh tuismitheoirí chun feachtas a bhunú chun scoil eile a bhunú timpeall an choirnéil. Chuir sé sin faitíos orthu,’ ach ‘is dóigh liom gur éirigh linn teacht tríd sin.’³²⁰

319 Agallamh le Pádraig Mac Fhearghusa.

320 Agallamh.

CAIBIDIL 15:

BÉALGHRÁ Ó DHEAS, FREASÚRA LOM Ó THUaidh, 1984

Ní MINIC A THUG *Comhar* suntas d'fhás na nGaelscoileanna, mar a dúradh cheana. Sa bhliain 1984 thrácht an iris ar bhorradh na 'scoileanna lán-Ghaelacha' mar a ghlaoigh Seán Ó Domhnaill orthu in alt in Eanáir na bliana sin. 'Dea-chomhartha amháin atá fágtha ag lucht na teanga,' a scríobh Ó Domhnaill, ba ea 'an méadú mór atá tagtha ar líon na scoileanna lán-Ghaelacha lasmuigh den Ghaeltacht—a bhuíochas sin le heagras ar a dtugtar "Gaelscoileanna."³²¹ Léiriú eile ar dhul chun cinn Gaelscoileanna ab ea an fhorbairt i dtreo iris rialta don ghluaiseacht a fhoilsiú le linn na tréimhse seo. Ba í Áine Nic an Iolair a mhol an chéad lá go bhfoilseofaí ar bhonn rialta í chun 'tacaíocht a thabhairt dá chéile' i rún a cuireadh faoi bhráid an chruinnithe cinn bliana sa bhliain 1980.³²² Lean scaipeadh na nGaelscoileanna i mbailte agus cathracha an stáit in 1983 agus 1984 agus lámh ag eagraíochtaí deonacha cosúil le Glór na nGael, Conradh na Gaeilge agus CLG leis an bhfás, mar shampla ar an Muileann gCearr, Carraig Mhachaire Rois, Cill Chainnigh agus Cathair Chorcaí.³²³ Chuidigh scoileanna le chéile i rith na tréimhse seo agus uaireanta d'fhorbair eangach scoileanna i ngaireacht dá céile. Cuir i geás muintir Chill Chainnigh a chuir cruinnithe poiblí ar siúl i dTeach Rothe sa chathair agus a thug cuireadh do Bhríd de Róiste, Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, Ceartharlach, mar aon le tuismitheoirí na scoile sin, chun labhairt faoin taithí a bhí acu.³²⁴ Theastaigh ó leithéidí Phádraig Uí Chuanacháin go gcabhródh eagraíochtaí pobail le fás na Gaelscolaíochta chomh maith. Labhair sé ag cruinniú de chuid an Cork Community Services Council i bhFeabhra na bliana 1984 agus d'impigh sé ar an slua tabhairt faoi bhunú Gaelscoileanna. D'áitigh sé go raibh géarghá ann athbheochan a dhéanamh ar an idéalachas

321 *Comhar*, Iml. 43, Uimh 1, Eanáir 1984, 12.

322 Miontuairiscí ar chruinniú cinn bliana Gaelscoileanna, an 15 Samhain 1980, 8.

323 *Westmeath Examiner*, an 11 Samhain 1983; *Irish Examiner*, an 14 Lúnasa 1984; *Anglo-Celt*, an 14 Meán Fómhair 1984; *Kilkenny People*, an 20 Iúil, an 31 Lúnasa 1984; *Waterford News and Star*, an 3 Lúnasa 1984.

324 *Kilkenny People*, an 17 Feabhra 1984.

san am i láthair.³²⁵ Sa Ghaeltacht, bhí easpa polasaí oideachais ar leith don Ghaeltacht ag dó na geirbe ag roinnt daoine i gcónaí. Ina measc bhí Proinnsias Breathnach, a scríobh in alt do *Combar* i 1984 go raibh sé ‘dochreidte’ nárbh ann do pholasaí mar sin ‘d’ainneoin thábhacht bhunúsach an oideachais’ i gcomhthéacs forbairt na Gaeltachta.³²⁶ Má ba mhíshocair a bhí daoine sa Ghaeltacht de bharr an easpa polasaí oideachais, bhí iarrachtaí ar scoileanna a bhunú ann chomh maith. In 1984, sheol Dara Ó Conaola, a bhí mar rúnaí ar Choiste Meánscoile Inis Oírr, comhfhreagras go *Combar* i bhFeabhra na bliana na bliana sin ag fógart go mbunófaí meánscoil ar an oileán. Theastaigh ón gcoiste daltaí ón mórtóir a thabhairt chun cónaí ar an oileán i rith na scoil-bliana, chun cur le líon beag na ndaltaí ann (idir seachtar agus naonúr gach scoilbhliain). Thairg sé áit sna tithe lóistín ar an oileán do 41 dalta ón mórtóir. ‘Bheadh áthas ar an gCoiste cloisteáil ó thuismitheoirí ar an mórtóir a mbeadh suim acu sa scéim seo,’ a scríobh sé.³²⁷

Fearacht na blianta roimhe sin níor athraigh an gaol idir an Eaglais Caitliceach agus na Gaelscoileanna mórán agus an ghluaiseacht ag bogadh isteach i lár na 1980í. Bhí leithéidí na mBráithre Críostaí agus na Misinéirí Afracacha toilteanach talamh a dhíol leis na Gaelscoileanna nó a sholáthair dóibh, mar a tharla i Luimneach agus Baile an Easpaig faoi seach.³²⁸ Bhí seirbhísí éacúiméineacha ann nuair a osclaíodh Gaelscoileanna, mar shampla ag oscailt Gaelscoil Rois i bhfómhar na bliana 1984 bhaist sagart Chaitliceach, Séamus Morris, mar aon le reachtaire Anglacánach, J. J. Stevenson, an scoil.³²⁹ Tríd is tríd, áfach, lean an ceangal idir na deoise áitiúla mar phátrúin agus na Gaelscoileanna chomh maith leis an nasc idir roinnt gníomhaithe agus cúrsaí aifrinne. Fógraíodh gurb é céim eile i nGaelú Baile Cheatharlaigh ná an Aifreann rialta Gaeilge a cuireadh tús leis ag deireadh na bliana 1984. Arsa Bríd de Róiste, Cathaoirleach Glór na nGael agus Príomhoide Gaelscoil Eoghan Uí Thuairisc i gCeatharlach, leis an *Nationalist and Leinster Times*, ‘*what greater step to take in the promotion of Irish than to afford the people*

325 *Evening Echo*, an 8 agus an 24 Feabhra, an 7 Lúnasa 1984.

326 *Combar*, Iml. 43, Uimh 7, Iúil 1984, 15.

327 *Combar*, Iml. 43, Uimh 2, Feabhra 1984, 38.

328 *Irish Press*, an 16 Meitheamh 1982.

329 *Anglo-Celt*, an 14 Meán Fómhair 1984.

*the opportunity of praying the language at mass.*³³⁰

D'aineoinn go raibh fás tagtha ar an nGaelscolaíocht sna Sé Chontae Fichead faoi lár na 1980í bhraith roinnt de lucht labhartha na Gaeilge gur mhaolaigh cultúr spadántachta agus polasaithe déine na Roinne Oideachais sna Sé Chontae Fichead an fás sin. In alt fada a scríobh Seán Ó hÉalaí don *Irish Press* in 1984 ag cur síos ar staid na Gaeilge trí chéile, thagair sé do fás agus forbairt na Gaelscolaíochta thar deich mbliain. Bhí sé cáiréiseach, áfach, nuair a dúirt sé go raibh ‘a fhios ag an saol gur cuireadh ó am go ham bacanna maorlathais ar fhorbairt na scoileanna seo. Ba chóir don rialtas a dhéanamh cinnte de nach dtarlódh sé seo arís mar tá an ghluaiseacht seo ar ceann de na rudaí is sláintiúla dar tharla go dtí seo agus tuilleann sé tacaíocht fhial.³³¹ Tá tuairim ag Pádraig Mac Fhearghusa ar na cúiseanna ar ann don chultúr sin sa Roinn; ‘gnó an státseirbhísigh ná airgead poiblí a shábháil—más mian leat a bheith gránna gan airgead poiblí a chaitheamh [GÁIRE]’ (Agallamh). Ní hamháin gur chreid státseirbhísigh sin ar bhonn aonarach, ach ba léir gur polasaí a bhí sa déine ag an leibhéal is airde, agus é níos tréine le linn bhlianta an chúlaithe geilleagrach. Nuair a pléadh pleananna nua leathan don Ghaeilge (agus an Gaelscolaíocht san áireamh) a chur Bord na Gaeilge chun cinn ag comhdháil dhá lá in 1984, thuairiscigh an *Irish Examiner* ar an méid a tháinig amach as. Ceann de na pointí ba thábhachtaí sa tuairisc ná gur luadh ‘[that] while the Government is committed to the greater use of Irish and the continued strengthening of its position in the educational system, Education Minister Gemma Hussey makes it clear in her own plan that the implementation of the proposals will be subject to the availability of resources.’ Bhí Pádraig Ó Cuanacháin dóchasach, mar sin féin. Chreid sé go mbunófaí neart scoileanna sna blianta as sin amach. Bhí an *Examiner* níos amhrasaí; ‘this may be an unrealistic target given that the Department is cutting back on spending and favours the rationalisation of school provision,’ a scríobh siad.³³²

Ó thuaidh bhí sé níos deacra deileáil leis an stát i gcónaí. Léirigh leithéidí Uí Chuanacháin dlúthpháirtíocht le hiarrachtaí na dtuaisceartach. I lár na 1980í luaigh sé ag cruinniú chun Gaelscoil a sheoladh i

330 *Nationalist and Leinster Times*, 2 Samhain 1984; *Evening Echo*, an 8 Lúnasa 1984.

331 *Irish Press*, an 12 Eanáir 1984.

332 *Irish Examiner*, an 31 Márta 1984.

gCluain Meala go raibh a leithéid de scoileanna ar an bhfód cheana i mBéal Feirste agus i nDoire.³³³ Thiar in 1978 thuairiscigh an *Evening Echo* do ‘*South Aid For North School*’ agus a ‘*new link in North-South relations*’ nuair a bunaíodh eagraíocht i dTuarlais, Contae Thiobraid Árann, chun airgead a thiomsú do Bunscoil Phobail Feirste i bhFeabhra na bliana sin.³³⁴ Níos déanaí, in 1982, eagraíodh ceolchoirm in Amharclann an Gaiety i mBaile Átha Cliath ar an 14ú Márta ar mhaithe le Bunscoil Phobal Feirste. Chosain sé £30,000 sa mbliain an scoil, ar a raibh 120 dalta ag freastal faoin tráth sin, a rith agus ní raibh maoiniú ar bith á sholáthar ó Bhleá Cliath, Béal Feirste ná ó Londain. Ba iad an ghrúpa Moving Hearts, mar aon le ceoltóirí ón scoil féin, a bhí ag seinnt agus Seán Bán Breathnach ina fhear an tí.³³⁵ In 1984 ba chúis iontais é do Thadg Mac Lochlainn nuair a scríobh sé chuig an *Connacht Tribune* ag míniú go raibh ‘*many all-Irish primary schools have been set up in Ireland, even in British-controlled Belfast*’.³³⁶

Ba go drogallach a rinneadh aon dul chun cinn ó thaobh maoiniú oifigiúil a thabhairt do Phobalscoil Feirste. Thuairiscigh an *Belfast Telegraph* gur diúltaíodh don iarratas an chéad uair de bharr líon íseal na ndaltaí. Ach an babhta seo, ag teacht i dtreo deireadh na bliana 1983, bhí seans mhaith ann go bhfaigheadh an scoil an t-aitheantas agus 126 dalta ag freastail air. Phlé an Belfast Education and Library Board ceist na scoile i dtreo deireadh Mí na Samhna. Thuairiscigh an *Telegraph* ar an scéal agus bhí an meon diúltach i leith na scoile le brath. ‘*The board chairman, Mr Harold Smith, pointed out that the decision on whether or not to grant maintained status lay with the Department [of Education]; the Board had no option but to take the formal steps of forwarding the application and advertising it in the Press.*’ Anuas air sin, rinne roinnt ball den bhord gearrán faoi mhaoiniú na scoile. Seoladh an t-iarratas ar aghaidh ar deireadh, ach aontaíodh go scríobhadh an bord chuig an Roinn Oideachais ‘*expressing its concern and the possible drain on the board’s resources.*’³³⁷

Ní hamháin go raibh freasúrachtaí ón Roinn Oideachais sna Sé

333 *The Nationalist*, an 8 Deireadh Fómhair 1983.

334 *Evening Echo*, an 13 Feabhra 1978.

335 *Irish Press*, an 12 Feabhra 1982.

336 *Connacht Tribune*, an 20 Iúil 1984.

337 *Belfast Telegraph*, an 30 Samhain 1983.

Chontae, ach bhí leithéidí an DUP glan i gcoinne na Gaelscolaíochta chomh maith. Nuair a fógraíodh go bhfaigheadh an chéad scoil imeasctha sna Sé Chontae, Lagan College, i mBéal Feirste tacaíocht airgeadais ón Roinn Oideachais in 1984 d'ionsaigh Sammy Wilson, ur-labhraí oideachais an DUP, an cinneadh go fíochmhar. Thuairiscigh an *Belfast Telegraph* go raibh an Saor Eaglais Phreispitéireach, agus cathaoirleach ar bhord oideachais na heaglaise, an tUrramach Ivan Foster, DUP, ar buille chomh maith. *'He claimed the move opened the way for grant aid to be given to two Irish-speaking schools being set up in Belfast and Londonderry,'* a scríobhadh sa bpáipéir. Arsa Foster; *'while the attention of the Protestant community is diverted towards the IRA these British Government Ministers are quietly working behind our backs to achieve exactly the same goals, namely the demoralisation and sell-out of the Protestant community.'*³³⁸ Thart ar an tráth céanna labhair Peter Robinson amach i gcoinne na scoile chomh maith. Thuairiscigh an *Belfast Telegraph* gur áitigh Robinson go múinfi daltaí na scoile *'all their subjects through what was virtually a dead language, with consequent harm to them.'* Sheas an DUP i gcoinne na scoile ar bhunús an chuíchóirithe chomh maith—dúradh gur tráth a bhí ann ina raibh an stát ag iarraidh gearradh siar ar líon na scoil, ach go raibh an polasaí scoileanna den sórt seo a oscailt ag dul i gcoinne an loic sin. Dúirt Nicholas Scott, Aire Oideachais an Ríocht Aontaithe don Pháirtí Coimeádach, go dtacódh sé le scoileanna dá leithéid, ach go léireofaí an t-éileamh. Thuig Paul McGill, comhfhreagraí leis an *Belfast Telegraph*, a rinne tuairisciú ar an gconspóid, go bhfágfadh seo na Gaelscoileanna sna Sé Chontae idir greim an dá bhrúach: *'Because they start off small they cannot become eligible for Government funds; because they do not get Government funds they cannot grow since they can no longer be sustained by fundraising.'*³³⁹

Ainneoin na gconstaicí rinneadh faomhadh an deontas do Bhunscoil Phobal Feirste ar dheireadh thiar thall i Mí Aibreáin 1984. Nuair a d'fhógair Scott go dtabharfaí an deontas, thagair sé don chomhthéacs a bhí ann i stát an Ríocht Aontaithe trí chéile. Bheadh an Bhunscoil Ghaelach ar Bhóthar Seoigh anois i dteideal 85% de chaiteachas chaipitil a éileamh ón stát agus bheadh tuarastal na múinteoirí le hióc ag an stát chomh maith. D'fháiltigh Máirtín Ó Muilleoir, Sinn Féin, leis an bhfógra go raibh an scoil i dteideal na deontais sin i ndiaidh feachtais

338 *Belfast Telegraph*, an 3 Márta 1984.

339 *Belfast Telegraph*, an 28 Márta 1984.

a mhair trí bhliain déag.³⁴⁰ Mhaígh Scott gur léirigh an ardú i líon na gclárúcháin ag an scoil *‘that there is now a significant demand from parents for a school with the special characteristics of Bunscoil Ghaelach.’*³⁴¹ Nuair a fógraíodh go bhfuair Pobalscoil Bhéal Feirste aitheantas oifigiúil scríobhadh eagarfhocal san *Irish Press* a luaigh *‘the sacrifices which such people were prepared to make for the very things that we cast aside so lightly here in the South.’*³⁴²

Dá seasta a bhí meon na Roinne ó dheas dealraíonn sé go raibh claochlú ag teacht ar tuairimí mar a bhain sé le ceist na Gaeilge sa chóras oideachais agus ceist na Gaelscolaíochta i measc Gaeilgeoirí agus an mórphobail. Chreid scríbhneoir amháin ar *Comhar*, Ciarán Ó hAodha, agus é ag cur peann le pár in 1981, go raibh ‘easpa taighde déanta againn sa tír seo ar ghnéithe de pholasaí dátheangach na Roinne Oideachais sna scoileanna. Is oth liom a rá nach bhfuil aon bharr feabhais tar éis teacht ar an scéal ó shaothar Mac Namara (1966) i leith.’³⁴³ Bhí múineadh na Gaeilge sa gcóras i gcoitinne ag dó na geirbe ag Nollaig Ó Gadhra chomh maith nuair a scríobh sé san *Irish Press* in earrach na bliana 1984. Bhí ‘rud éigin an-bhun os cionn le múineadh na Gaeilge sna scoileanna le deich mbliana anuas ar a laghad, agus anneoin bhá an phobail, agus an dul chun cinn áirithe atá déanta ag an mionlach sna gaelscoileanna, gur gearr nach mbeidh cumas na glúine óige atá ag fás aníos mórán níos fearr ná an scéal mar a bhí ag tús an chéid faoi réimeas na Breataine, ainneoin an dua, an allais agus an airgid go léir atá á chaitheamh leis an scéal.’³⁴⁴ Cúpla bliain ina dhiaidh sin, in 1983, phléigh Seán de Fréine coincheap an dátheangachais i gcoitinne ar *Comhar*. Cheistigh sé ar ‘cúlú míchiallmhar?’ a bhí ann. Agus é ag tarraingt ar shamplaí idirnáisiúnta chinn sé, i ndeireadh na dála, gur ‘staid nádúrtha’ a bhí sa staid dhátheangach.³⁴⁵ In alt ar fhás na nGaelscoileanna a scríobh Seán Ó Domhnaill ar *Comhar* ba léir gur glacadh leis faoi lár na 1980í nárbh ábhar conspóide a bhí sa dátheangachas a thuilleadh. ‘Is dócha go bhfuil na saineolaithe aontaithe,’ arsa sé, ‘fao-

340 *Irish Press*, an 7 Aibreáin 1984.

341 *Belfast Telegraph*, an 6 Aibreáin 1984.

342 *Irish Press*, an 19 Aibreáin 1984.

343 *Comhar*, Iml. 40, Uimh 10, Deireadh Fómhair 1981, 16.

344 *Irish Press*, an 25 Aibreáin 1984.

345 *Comhar*, Iml. 42, Uimh 11, Samhain 1983, 13-14.

in am seo gur maith an rud an dátheangachas.³⁴⁶ Cé go raibh fadhb leanúnach le múineadh na Gaeilge sna scoileanna Béarla, ba athrú an dearcadh dearfach seo i leith an dátheangachais ó ré Macnamara nuair a creideadh go ndearna an dara teanga dochar don té a shealbhaigh í.

Mar sin féin, bhí uaireanta ann nuair a d'úsáidtí oscailt oifigiúil Gaelscoile mar dheis ionsaí a dhéanamh ar pholasaí teanga éigin. Ag oscailt Ghaelscoil Phort Láirge i dtreo dheireadh na bliana 1984, labhair Eddie Collins, Aire Stáit Tionscail, Trádála agus Turasóireachta, amach i gcoinne pholasaí na Gaeilge riachtanaí sna bunscoileanna agus meánscoileanna Béarla.³⁴⁷ An bhliain chéanna bhí amhras ar chuid de mhuintir na Thulach Mhór ar cheist na Gaelscolaíochta. Tuairiscíodh sa *Westmeath Independent* gur mhol roinnt daoine ag cruinniú a d'eagraigh Gaelscoileanna sa bhaile i bhFeabhra na bliana 1984 gur chóir díriú ar ábhair éagsúla sna scoileanna Béarla a mhúineadh trí Ghaeilge agus go raibh sé róluath a bheith ag caint ar bhunscoil lán-Ghaelach nuair nach raibh an naíonra ach á bhunú.³⁴⁸ Rinne Liam Mac Mathúna anailís bheacht ar *The Irish Language in the Republic of Ireland 1983: Preliminary Report of a National Survey* i leathanaigh *Comhar* i dtreo deireadh na bliana 1984. Chur sé an suirbhé sin i gcomparáid le ceann CLAR 1975. Chinn sé gurb é an t-athrú ba mhó 'a tháinig ar dhearcadh an phobail i dtaobh na Gaeilge idir na blianta 1973 and 1983 ná gur lagaigh an dream a bhíodh in aghaidh na teanga go mór is gur mhéadaigh dá réir ar lucht an chúpla focal.' An dá ghné is suntasaí ba chúis leis seo, dár leis, ná 'cealú aon chothú institiúidiúil Gaeilge a raibh mionlach substaintiúil den phobal ina choinne agus... mór is fiú a dhéanamh de mheon fabhrach agus d'úsáid an chúpla focal.' Chreid sé, mar sin féin, go raibh gá práinneach le 'tús áite' a thabhairt d'fhorbairt na Gaeilge mar theanga phobail agus nach mór díriú ar an tríocha faoin gcéad ba bháula den phobal chun sin a bhaint amach. Maidir leis an gcaoga a cúig faoin gcéad a bhí fabhrach don teanga d'áirigh sé bunú naíonraí, bunú 'scoileanna lán-Ghaelacha is scoileanna dátheangacha,' i dteannta gníomhartha eile, chun an dream sin a mhealladh. 'Is tríd an teanga a shlánú mar theanga phobail is trí fhréamhacha sláintiúla doimhne a chur faoina húsáid i measc an phobail go ginearálta is fearr a bheifear

346 *Comhar*, Iml. 43, Uimh 1, Eanáir 1984, 12.

347 *Irish Examiner*, an 23 Deireadh Fómhair 1984.

348 *Westmeath Independent*, an 24 Feabhra 1984.

in ann dul i bhfeidhm ar an tromlach den phobal nach gcuireann ach tábhacht shiombalach léi faoi láthair,' a mhaígh Mac Mathúna.³⁴⁹

Advanced Review Copy

³⁴⁹ *Comhar*, Iml. 43, Uimh 9, Meán Fómhair 1984, 13.

CONCLÚID NA RANNÓIGE

BA THRÉIMHSE CHORRAITHEACH í an tréimhse seo sna Sé Chontae is Fiche, agus bhí idir ghéarchéimeanna geilleagracha agus polaitiúla agus athruithe cultúrtha ag titim amach i rith an ama. D’ainneoin na ndeacrachtaí, nó b’fhéidir mar chuid de na beartais chun dul i ngleic leis na deacrachtaí, tháinig fás as cuimse ar líon na nGaelscoileanna sna Sé Chontae Fíchead le linn na mblianta 1977–84. Tharla briseadh tríd i gCorcaigh go háirithe. Bunaíodh dhá Ghaelcholáiste chomh maith—Coláiste Chilliaín san iar-Ghaeltacht in 1981 agus Coláiste Chú Uladh sa Ghaeltacht Láir in 1982. Ar lámh amháin, is cosúil gur mhoilligh an ghéarchéim eacnamaíochta fás na Gaelscolaíochta sna Sé Chontae is Fiche. Taobh thiar de go leor cinntí i leith cúrsaí cóiríochta, suíomhanna agus maoinithe bhí réasúnaíocht na déine le brath. Ar an taobh eile den scéal, chabhraigh an mhíshocracht toghchánaíochta ag tús na 1980í le dul chun cinn na gluaiseachta ar bhealach. Ní raibh sé chomh héasca ar rialtais gan seasmhacht beag is fiú a dhéanamh d’éilimh lucht na Gaelscolaíochta agus seans gur tugadh gealltanais nach dtabharfaí de ghnáth. Sa Tuaisceart, d’ardaigh líon na ndaltaí a bhí ag freastal ar Bhunscoil Phobal Feirste agus tugadh aitheantas don scoil in 1984. Chomh maith leis sin tháinig Bunscoil Cholmcille agus Bunscoil an Iúir ar an bhfód in 1983. Ach, ar an mórgóir, bhí an stát fós ag maolú fhás na Gaelscolaíochta ansin ar chúiseanna loma coilíneacha.

Cé gurb é bunús idé-eolaíochta ghluaiseacht na Gaelscolaíochta go fóill le linn na mblianta seo an náisiúnachas cultúrtha, an poblachtachas agus tuiscintí ar an díchoilíniú, rianaíodh thuas claochlú ar chuid de na fealsúnachtaí. De bharr na géarchéime geilleagraí a chothaigh an lagmhisneach nascadh fás na Gaelscolaíochta le hathréimniú na ndaoine a raibh lagar spride orthu. D’athraigh an gaol a bhí ag cuid den ghluaiseacht leis an Aontas Eorpach chomh maith agus tosaíodh ar iarrachtaí a dhéanamh tairbhe a bhaint as an méid a creideadh a bhí ar fáil ón Aontas. Chabhraigh an liobrálú a bhí tar éis teacht ar chodanna de dhaonra an stáit le forbairt roinnt Gaelscoileanna chomh maith a samhláíodh mar rogha a bhí éagsúil ón seanchóras scolaíochta Caitliceach. Agus an ghluaiseacht á buanú in áiteanna agus buntáistí na Gaelscolaíochta á gcur ar shúile daoine tosaíodh chomh maith ar na buntáistí oideachais sin a chraobhscaoileadh. Rud nádúrtha ab ea

é go lorgódh tuismitheoirí an t-oideachas is fearr dá bpáistí agus ba ghá na buntáistí a shoiléiriú nó ní sheoladh cuid mhór tuismitheoirí a bpáistí chuig na Gaelscoileanna. Chuir an stádas seo go mór le fás na líonraí Gaelscoileanna agus ba ghá an nasc idir an ‘míbhuntáiste’ agus an Ghaeilge a bhí lonnaithe go domhain i sícé cuid mhór daoine a bhriseadh. Ach d’imreodh idé-eolaíocht na mbuntáistí tionchar ar chomhdhéanamh aicmeach agus dearcadh ghluaiseacht na Gaelscolaíochta ar ball. I gcosúlacht leis na forbairtí úd tosaíodh ar bhonn ní ba ghairmiúla a chuir faoin eagraíocht Gaelscoileanna i rith na tréimhse seo. Fostaíodh eagraí náisiúnta (Conall Ó Móráin 1980, Colm Ó Dúlacháin 1981-87) agus Eagraí na Mumhan (Pádraig Ó Cuanacháin) sna blianta seo agus cuireadh go mór leis an méid a bhí an eagraíocht in ann a bhaint amach i dtaobh teacht i gcabhair nó comhairle a thabhairt do choistí áitiúla. Mar sin féin, chloígh lucht na Gaelscolaíochta ag an leibhéal áitiúil le modhanna oibre a úsáideadh cheana—tacaíocht na dtuismitheoirí a lorg trí dhul i mbun stocaireachta agus brú a chuir ar na húdaráis dá réir—agus rinneadh an méid sin ón mbun aníos go fóill. Dá mhéad gur fíor é sin, bhí laghdú tagtha cheana féin ar an leas a baineadh as mórshiúlta agus agóidí a bhain leas as modhanna an ghnímh dhírigh. D’éirigh le Gaelscoileanna cluas éisteachta na Roinne a fháil sna 1970í malla agus seans gur samhlaíodh go bhféadfaí dul trí na bealaí inmheánacha oifigiúla as sin amach seachas brú a chuir ar an gcóras ón taobh amuigh.

Advanced Review Copy





RANNÓG 3

RÉ NUA DON GHAELSCOLAÍOCHT I GCOMHTHÉACS AN CLAOCHLAITHE SHÓISIALTA AGUS PHOLAITIÚIL, 1985–1993

GAELSCOILEANNA AGUS GAELCHOLÁISTÍ A BUNAÍODH I RITH NA TRÉIMHSE SEO:

GAELSCOIL NA RÍTHE, CO. NA MÍ	1985
GAELSCOIL Ó DOGHAIR, CO. LUIMNIGH	1985
GAELSCOIL CHARRAIG UÍ LEIGHIN, CO. CHORCAÍ	1985
GAELSCOIL THOMÁIS DÁIBHÍS, CO. CHORCAÍ	1985
GAELSCOIL NA DÚGHLAISE, CO. CHORCAÍ	1985
SCOIL CHATTLÍN MAUDE, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1985
GAELSCOIL ULTAÍN, CO. MHUINEACHÁIN	1986
GAELSCOIL PHILIB BARÚN, CO. PHORT LÁIRGE	1985
GAELSCOIL SHEOIRSE CLANCY, CO. LUIMNIGH	1986
GAELSCOIL NA BHFÁL, CO. AONTROMA	1986
GAELSCOIL GHLEANN DARACH, CO. AONTROMA	1986
SCOIL AN DUINNÍNIGH, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1986
GAELSCOIL MHACHAN, CO. CHORCAÍ	1986
GAELSCOIL UÍ ÉIGEARTAIGH, CO. CHORCAÍ	1986
SCOIL UÍ RIADA, CO. CHILL DARA	1986
GAELSCOIL AOGÁIN, CO. CHIARRAÍ	1987

SCOIL MOLÓGA, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1987
GAELSCOIL PHEIG SAYERS, CO. CHORCAÍ	1988
GAELSCOIL CHOLÁISTE MHUIRE, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1988
GAELSCOIL NAOMH PÁDRAIG, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1989
GAELSCOIL FAITHLEANN, CO. CHIARRAÍ	1989
GAELSCOIL UILEOG DE BÚRCA, CO. MHAIGH EO	1989
GAELSCOIL AONACH URMHUMHAN, CO. THIOBRAID ÁRANN	1989
GAELSCOIL BHRÍDE (GAELSCOIL DURLAS ÉILE), CO. THIOBRAID ÁRANN	1990
GAELSCOIL SÁIRSÉAL, CO. LUIMNIGH	1990
SCOIL UÍ CHEITHEARNAIGH, CO. NA GAILLIMHE	1990
SCOIL NA gCEITHRE MAISTRÍ, CO. NA hIARMHÍ	1990
GAELSCOIL ADHAMHNÁIN, CO. DHÚN NA nGALL	1991
GAELSCOIL THROMAIRE, CO. LAOISE	1991
COLÁISTE NA COIRIBE, CO. NA GAILLIMHE	1992
GAELSCOIL AN TEAGHLAIGH NAOFA, CO. CHORCAÍ	1992
SCOIL NA FUISEOIGE, CO. AONTROMA	1992
GAELSCOIL DHOCHTÚIR UÍ SHÚILLEABHÁIN, CO. CHORCAÍ	1993
GAELSCOIL AN GHOIRT ÁLAINN, CO. CHORCAÍ	1993
BUNSCOIL AN tSLÉIBHE DHUIBH, CO. AONTROMA	1993
GAELSCOIL NA CAMÓIGE, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1993
BUNSCOIL NAOMH BRÍD, CO. DHOIRE	1993
GAELSCOIL MHC AMHLAIGH, CO. NA GAILLIMHE	1993
GAELSCOIL AN EISCIR RIADA, CO. UÍBH FHAILÍ	1993
COLÁISTE DE HÍDE, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1993

F AOIN DROMCHLA SNA 1980í bhí athruithe eile ag titim amach sa gheilleagar a mbeadh tionchar acu ar shochaí na hÉireann trí chéile ar ball. Ó na 1960í ar aghaidh tháinig aicme nua bhainistíochta chun cinn arbh fheidhm leo an Infheistíocht Dhíreach Choigríche a nascadh go dlúth le geilleagar an stáit. Sna 1980í tháinig leithéidí Apple isteach sa stát, agus, mar a áitíonn McCabe, dhear lucht airgeadais an chomhlachta ‘*a sophisticated tax avoidance structure at their European headquarters in Ireland.*’ Fad is a bhí sin ag dul ar aghaidh bunaíodh an Irish Financial Services Centre, rud a chothaigh ‘*exponential growth in tax avoidance ser-*

vices’ sa stát.¹ Dar ndóigh, ní raibh leigheas ag an múnla eacnamaíochta seo ar fhadhbanna sóisialta an stáit, ach a mhalairt. I rith na mblianta 1985-93 ba fhadhb leanúnach é an eisirce. Idir 1985-86 d’fhág os cionn 30,000 an stáit agus idir 1983 agus 1988 ghlac 130,000 an bád bán.² Anuas air sin, bhí an éagothromaíocht ag dul in olcas. Ag deireadh na 1980í, ba i seilbh an 10% ar bharr na sochaí a bhí leath de shaibhbreas an stáit. Ba leis an 5% ar bharr na sochaí 20-25% de mhaoín sa stát.³ Mar sin féin, de réir dhaonáireamh 1991 bhí 44% den daonra faoi bhun cúig bliana is fiche d’aois, an líon ba mhó san Aontas Eorpach, agus, mar a deir Ferriter, ‘*a huge gulf existed between their outlook and that of the preceding generation.*’⁴ Sna Sé Chontae is Fiche treisíodh ar na hathruithe geilleagracha a luadh agus an bhéim níos mó ná riamh ar chomhlachtaí ilnáisiúnta teacht isteach. Cé nach raibh tionchar díreach aige sin ar an nGaelscolaíocht, nuair a thit an tóin as an múnla sin ar ball, bheadh ar earnáil na Gaelscolaíochta agus na Gaeilge an praghas a íoc.

Bhí an Ghaeltacht fós á bánú de réir a chéile le linn na tréimhse seo, mar a luann Ó Riagáin; ‘*as economic development began to percolate into rural areas in the post 1960 period, the minimum threshold population levels were no longer available in many rural communities to support traditional activities (primary school, parish, etc.), even less so new functions like post-primary education.*’⁵ I dtéarmaí oideachais sa Ghaeltacht bunaíodh the Review Body on the Primary Curriculum in 1987 chun cur i bhfeidhm an churaclaim a scrúdú, agus chun laigi i ndearadh an churaclaim a aithint agus moltaí a chur faoi bhráid an rialtais. Moladh, mar a rianaíonn O’Donoghue agus O’Doherty, ‘*that a flexible curriculum should be developed for Gaeltacht schools to ensure that the language needs of all pupils would be met, and that a set of readers for Gaeltacht pupils and an adequate supply of textbooks, library books and reference books in the Irish language be provided for the teachers, was made.*’⁶

1 Conor McCabe, ‘Apple and Ireland, 1980-2020: A Case Study of the Irish Comprador Capitalist System,’ *Radical History Review: Irish and World Histories* eag. Peter Hession, Aidan Beatty agus Van Gosse (2021), 141-46.

2 Ferriter, *The Transformation of Ireland*, 672.

3 *Ibid.*, 675.

4 *Ibid.*, 666.

5 Ó Riagáin, ‘Irish Language Policy 1922-2007: Balancing Maintenance and Revival,’ 57.

6 O’Donoghue agus O’Doherty, *Irish Speakers and Schooling in the Gaeltacht*,

Níor cuireadh a leithéid i bhfeidhm sna blianta seo agus d'éireodh ach-rainn i roinnt scoileanna sa Ghaeltacht agus i mBreac-Ghaeltachtaí an stáit dá bharr.

Cé nár athraigh cúrsaí polaitíochta go radacach, tháinig deireadh le smacht leanúnach Fhianna Fáil agus ba iad na comhrialtas an gnáthmhúnlá amach anseo. Ba é comhrialtas de chuid Fhine Gael agus Pháirtí an Lucht Oibre rialtas na Sé Chontae is Fiche ó 1982 go 87. Ina dhiaidh sin bhí Charles Haughey agus Fianna Fáil i gcumhacht ar feadh seala (1987-89), sular tháinig comhghuaillíocht idir Fianna Fáil agus an Páirtí Daonlathach i bhfeighil an stáit idir 1987-92,⁷ agus an chomhghuaillíocht eile ina dhiaidh sin idir Páirtí an Lucht Oibre faoi Dick Spring agus Fianna Fáil faoi cheannas Albert Reynolds ó 1992 ar aghaidh.⁸ Tagraíonn English don tionchar a bhí ag toghadh Máire Mhic Róibín mar Uachtarán in 1990. Níor chóir scéal rómhór a dhéanamh de, ar sé, ach mar sin féin ba í an chéad bhean a toghadh sa ról sin agus an chéad duine ó ré Dhubhghlas de hÍde ó 1938-45 a bhí ina uachtarán ach nach raibh ina bhall d'Fhianna Fáil.⁹ Sa chaoi chéanna tháinig borradh faoin bplé ar chúrsaí sóisialta sna Sé Chontae is Fiche sna 1980í mar a bhain sé le ginmhilleadh, colscaradh agus frithghiniúint. Thagair roinnt tráchtairí ar '*crusade*' a bhí ar bun ag Fitzgerald '*to rid the state's constitution of features that might be unattractive to Ulster Protestants.*' Bheadh faillí ar an té a mhaigh gur shlog rabharta liobrálachais an stát le linn na tréimhse seo, áfach. Cuireadh isteach clásal a chuir cosc ar an nginmhilleadh, an 8ú Leasú, in 1983 agus in 1986 bualadh ar reifreann ar son an cholscartha le vóta 63.5% i n-aghaidh. Mar sin féin, mar a deir English, '*attitudes on social issues in the Republic have... been both complex and changing. The campaigns surrounding abortion and divorce have to be set against the increasing liberalisation... of legislation relating to the availability of contraceptives. Moreover, in 1992 further referenda saw the electorate vote in favour of the right to travel outside the state for an abortion and*

197.

7 Richard English, 'Ireland, 1982-94,' i *The Course of Irish History*, 4ú eagrán, eag. Theodore W. Moody agus Francis X. Martin (Mercier Press, 2001), 315.

8 Dermot Keogh. 'Ireland at the Turn of the Century: 1994-2001,' i *The Course of Irish History*, 4ú eagrán, eag. Theodore W. Moody agus Francis X. Martin (Mercier Press, 2001), 322.

9 English, 'Ireland, 1982-94' 319.

*of the right to information concerning the availability of abortion in other states.*¹⁰ Cé nach féidir a rá go bhfuil gaol díreach idir na hathruithe seo agus fás na Gaelscolaíochta, bhí líon áirithe tuismitheoirí ar theastaigh uathu briseadh ó na seanmhúnláí oideachais agus a bhí ar thóir an chomhoideachais, mar shampla, a sheol a bpáistí chuig na Gaelscoileanna.

Sna Sé Chontae, ó lár na 1980í, agus i ndiaidh stailceanna ocrais 1981, rinne Sinn Féin dul chun cinn áirithe i dtaobh na toghchánaíochta. Toghadh Gerry Adams mar Fheisire Parlaiminte d'iarthar Bhéal Feirste in 1983 ar 13.4% den vóta. Ní raibh baol ann an tráth sin go mbagrófaí ar cheannas an SDLP i measc na vótóirí náisiúnach sa Tuaisceart. Mar sin féin, chuir dul chun cinn na bpoblachtach buairt ar na rialtais i Westminster agus i mBaile Átha Cliath. Tosaíodh ar phróiseas ar ar tugadh *'equal validity to the two traditions in Northern Ireland.'* In 1984, i ndiaidh cruinniú idir Margaret Thatcher agus Garret Fitzgerald, eisíodh comhráiteas a mhaigh *'the identities of both the majority and the minority communities in Northern Ireland should be recognised and respected and reflected in the structures of Northern Ireland in a way acceptable to both communities.'* Siníodh an Comhaontú Angla-Éireannach an bhliain dar gcionn, 1985, ar an mbonn sin.¹¹ Dar le Mac Ionnrachtaigh, síníodh an Comhaontú *'to consolidate the constitutional nationalist position in the six counties.'* Bhí impleachtaí ag an meid seo don Ghaeilge agus don Ghaelscolaíocht a bhí mar bhagairt don stát i gcónaí. Áitíonn Mac Ionnrachtaigh gur ghlac Rialtas na Breataine *'a divisive strategy of attempting to incorporate the language into the discourse of the "two traditions in Northern Ireland" by consciously isolating radical language initiatives.'*¹² Mar sin, ba thréimhse é seo ina raibh cúrsaí ag claochlú sna Sé Chontae go polaitiúil. Cé go raibh iarrachtaí ar bun ag stát na Breataine gluaiseacht na Gaelscolaíochta agus na Gaeilge a cheansú trína scoilteadh agus na heilimintí radacacha a bhrú go leataobh, ba thús próisis é a thug spás éigin don earnáil fás amach anseo laistigh den chóras stáit. Sin ráite, ní bhfaigheadh leithéidí Bhunscoil Lúraigh (a bunaíodh in 1993 agus atá faoi chaibidil thíos) pingin rua ón stát go dtí 2002. Tríd is tríd, le linn na tréimhse seo, mar a d'áitigh Brendan Deleigh san iris *Fortnight* in 1986 *'the repeated assertions by successive Secretaries of State that there will be no move towards a bilingual state*

10 *Ibid.*, 317.

11 *Ibid.*, 306-7.

12 Mac Ionnrachtaigh, *Language, Resistance and Revival*, 179.

*do not augur well for future relations between Irish speakers and government. The idea that diversity of language enhances society does not seem to have made much impact upon Stormont Castle.*¹³

Pléitear sna caibidlí a leanas idé-eolaíocht agus comhdhéanamh ghluaiseacht na Gaelscolaíochta i rith na mblianta 1985-93, déantar rianú ar fhorbairt na gluaiseachta, agus scrúdaítear cásanna Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí a bunaíodh a thugann léargas ón mbun aníos ar na gnéithe macra-eacnamaíochta, polaitiúla agus sóisialta thuasluaite.

13 *Fortnight*, uimh 245, Samhain 1986, 15.

CAIBIDIL 1:

IDÉ-EOLAÍOCHT AGUS COMHDHÉANAMH NA
GLUAISEACHTA, 1985-93

BA MHÓ AN FUINNEAMH a caitheadh ar fhás na nGaelscoileanna le linn na tréimhse seo ná leis an machnamh ar na himpleachtaí idé-eolaíochta nó socheolaíochta a bhain leis an mborradh céanna. Mar sin féin, nuair a thug Gearóid Ó Cruaí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Léacht Uí Chadhain in 1988, bhí ceist na saoirse mar a bhain sé leis na Gaelscoileanna faoi chaibidil aige. Tátaí amháin a bhí aige ná go raibh an stát ag baint saoirse ní hamháin ó lucht labhartha na Gaeilge, ach ón bpobal i gcoitinne, trí Bhéarla a bhrú orthu. Ba iad na Gaelscoileanna cuid den leigheas ar an scéal dar leis. Bhí cuid mhór den mhíniú ar fhás na Gaelscoileanna ‘sa tslí go gcuirid slite ar fáil do thuismitheoirí aonair agus do phobail bheaga áitiúla níos mó den cheannas agus den tsaoirse a bheith acu i réimse bheag amháin den saol.’ Sa mhullach air sin, ba ‘éalú ó ghnáthsmacht an stáit a bheith ag plé le gaelscoil.’ Ba léiriú iad na Gaelscoileanna ‘ina eagrú agus ina fheidhmiú ar dhaoine ag glacadh seilbh ar choda den saol i slí a méadaíonn ar a ngradam sóisialta agus ar a sástacht ina mbeatha, lasmuigh ar fad den dea-thoradh a bhíonn ann ó thaobh na Gaeilge agus ó thaobh an oideachais de.’¹⁴ Mar a áitíonn Patricia Griffin, ‘Gaelscoileanna *act as a mirror, reflective of the concerns, aims and ambitions (linguistic, social and political) of the founders, teachers and parents.*’¹⁵ D’aontaigh daoine eile leis an méid sin chomh maith agus an tuiscint ann gur fhorbair an daonlathas sin i gcomhthéacs cearta bunreacha na Sé Chontae Fhichead. B’in mar a rinne *Comhar* fás na Gaelscolaíochta a chur in iúl in 1991. Dúradh go raibh sé mar cheart ag thuismitheoirí faoi Alt 42 de ‘Bhunreacht na hÉireann’ an cineál oideachais a chuirfear ar a bpáistí a roghnú. Bhí an t-alt sin ‘curtha chun feidhme le fonn... le roinnt blianta anuas agus is é an toradh is soiléire air sin ná an raidhse gaelscoileanna atá ar siúl ar fud na tíre. An daonlathas i bhfeidhmiú an oideachais is mó atá le sonrú ar na scoileanna sin go léir.’¹⁶ Nó, mar a deir Griffin arís, ‘[Gaelscoileanna] *are also pragmatic agents, working within the structural confines of the society in which they are*

14 *Comhar*, Iml. 47, uimh 12, Nollaig, 1984, 21.

15 Griffin, *Dóchas is Dúchas, Hope and Heritage, Gaelscoileanna*, 38.

16 *Comhar*, Iml. 50, uimh 9, Meán Fómhair, 1991, 11.

*conceived, such that the movement itself is reflective of the changes in Irish society over time.*¹⁷

Ba ghnáthchuid d'idé-eolaíocht lucht na Gaelscolaíochta i rith na tréimhse seo a bheith ag trácht ar cheist na rogha, cearta bunreachtúla, agus comhionannais —ceisteanna a bhain leis an tsaoirse a luaigh Ó Cruaíoch dar ndóigh. I nuachtlitir a d'eisigh Gaelscoileanna i bhfómhar na bliana 1990 liostáladh na scoileanna uilig a d'oscail ag tús na scoilbhliana 1990-1991. Dúradh, 'cuidíonn bunú na scoileanna lán-Ghaeilge nua seo rogha bhreise a thairiscint do thuismitheoirí in oideachas a gcuid páistí' agus 'cothaítear an dátheangachas' agus 'dearcadh dearfach i leith foghlaim teanga' i measc na bpáistí.¹⁸ Tagraíonn Deirbhíle Nic Craith, a bhí mar fheidhmeannach ar Ghaelscoileanna i rith na mblianta 1988-1992, ar cheist an ionannais agus ceist na féiniúlachta chomh maith: 'is cuid an-lárnach den fhéiniúlacht Éireannach í an teanga. Is ceist bhunreachtúil, ceist stairiúil, ceist ionannais, go mbaineann an Ghaeilge le—baineann sé leis an tír, cé go nglacaim leis nach bhfuil duine sa tír a deir gur Éireannaigh sórt ag brath air go bhfuil Gaeilge acu le bheith ina Éireannach. Ní dóigh liom gur gá duit, ach mar sin féin mar chuid den phobal i gcoitinne tá sé an-tábhachtach go mbeadh an Ghaeilge fós mar chuid den phobal.'¹⁹ Ba é an cineál céanna tuisceana ar cheist na teanga a bhí ag Uinseann Mac Thómais, Uachtarán Gaelscoileanna 1987-1988 agus duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil Dara i nGaillimh, nuair a labhair sé le *Anois* in 1988. 'Tá tine i mo bholg faoin nGaeilge,' a dúirt sé le Caitríona Ní Fhoghlú, tuairisceoir de chuid an nuachtáin. 'An sprioc nár mhaith liom go gcaillfí riamh ná an Ghaeilge a bheith ar chomhchéim le Béarla ar fud na tíre,' a mhínigh sé.²⁰

Fad is a bhain sé leis an stádas, bhí radacachas de shórt le sonrú i measc roinnt de lucht na Gaelscolaíochta sa tréimhse seo. Nuair a seoladh Niall Ó Murchadha, a bhí ina phríomhoide ar Scoil Iognáid agus ina bhall de Choiste Riарtha Gaelscoileanna, chuig Príosún Mhuinseo i mí Feabhra 1986 sheas cuid mhaith príomhoidí na nGaelscoileanna

17 Griffín, *Dóchas is Dúchas, Hope and Heritage, Gaelscoileanna*, 38.

18 Nuachtlitir Gaelscoileanna, an 4 Meán Fómhair 1990.

19 Agallamh.

20 Gearrthóg ó *Anois* 15 Bealtaine 1988.

leis. Mar chuid den fheachtas teilifíse chun brú a chuir ar RTÉ tuilleadh soláthair Gaeilge a dhéanamh dhiúltaigh Ó Murchadha a ceadúnas a íoc agus chaith sé ceithre oíche i ngéibheann. D'íoc grúpa darb ainm Príomhoidí na Scoileanna lán-Ghaeilge—a raibh ionadaithe ann ó gach cearn den tír—finéail Uí Mhurchadha agus d'eisigh siad ráiteas a dúirt go ‘molaimid Niall Ó Murchadha as a sheasamh misniúil.’²¹

Ag teacht leis an meon forásach i leith na gceart ba dhíol suntais é an méid a bhí cuid de na Gaelscoileanna a dhéanamh ar son na timpeallachta an tráth seo. Bhí nasc ann idir cúrsaí éiceolaíochta agus cúrsaí Gaelscolaíochta i mBaile Munna, áit ar bhunaigh tuismitheoirí ó Scoil an tSeachtar Laoch an grúpa feachtasaíochta Saor Coillte Sheantruibh. Mhínigh Antóin Mac Giolla Rua gurb iad aidhmeanna an ghrúpa ná ‘to have the 250 acres of natural woodland of Santry Demesne saved from destructive speculators and opened as a natural woodland for the benefit of the people of Dublin.’ Cuireadh crainn ar thailte na scoile chomh maith mar chuid den fheachtas Crann sa Chathair 10,000 crann dúchasach a phlandáil ar fud na cathrach.²²

Do roinnt mhaith gníomhairí b'ionann an cath faoin nGaelscolaíocht agus streachailt díchoilínithe go fóill. Ag scríobh dó in alt gairid ar Scoil an tSeachtar Laoch dar teideal *Stair na Scoile* in 1988 thagair P. Ó Ceallaigh do chéad phríomhoide na scoile, Pádraig Ó hEarcáin. ‘The mould that shaped Pádraig Mac Piarais was not broken at his birth: Pádraig Ó hEarcáin sprang from that self-same mould,’ a scríobh Ó Ceallaigh. ‘The comparison will embarrass him,’ a d’áitigh Ó Ceallaigh, ‘yet it is true that with Pearse he shared the “dream that is dreamed in the heart, and that only the heart could hold.”’²³ Thagair Íte Ní Chionnaith, Uachtarán Chonradh na Gaeilge agus duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil Inse Chór, agus í ag scríobh in *Comhar* sa bhliain chéanna, 1988, don mheon iarchoilíneach a mhair go fóill sna Sé Chontae Fíchead:

Tá easpa féinmheasa náisiúnta le sonrú go láidir. Tá meon sclábhaíochta i réim i rialú na tíre. Tá an tuairim forleathan go bhfuilimid róbheag, rólag, chun cuidiú linn féin: go bhfuil na fórsaí lasmuigh róchumhachtach dúinn; nach féidir linn ár bhfadhbanna eacnamaíochta féin a réiteach, ach go gcaithimid brath ar Mheiriceá nó ar Chomhphobal Eacnamaíochta na

21 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 1, Aibreán 1986, 3.

22 *Sounds Dublin*, Iúil 1988.

23 *Ómós*, Meán Fómhair 1988, 1.

hEorpa chun é sin a dhéanamh dúinn.²⁴

Ar an gcaoi chéanna bhí Pádraig Ó Snodaigh lánsuite de gur ‘cath cúlgharda’ iad na Gaelscoileanna ina raibh ‘an pobal Gaelach ag léiriú míshástacht leis an gcúlú ó aidhmeanna fógraithe an stáit sa Phoblacht agus in éadan ionraí an stáit sna sé chontae.’²⁵ Más tionscadal dhíchoilínithe poblachtach a bhí sna Gaelscoileanna do roinnt gníomhairí, fuarthas blaiseadh sa mhéid a dúirt daoine eile nárbh é sin iomlán an scéil. Pléann Eoin Ó Laoire, duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil an Ghoirt Álainn an méid sin:

Cuirtear ceist orm ansin, an náisiúnachas é? Agus ní hé. Is dócha gur fadhb na teanga ansan, *it's a bit like our tricolour, it's grabbed by people*. An fáth chéanna go raibh comhartha ceiste ann ag an am, “conas gur féidir leat a bheith ina scoil ilchreidmheach agus Gaoluinn á labhairt acu?” agus an taobh eile de “céan fáth nach Caitliceach thú agus Gaoluinn agat?”²⁶

Diúltaíonn Breandán Mac Cormaic, duine de bhunaitheoirí Scoil Santain agus Uachtarán Gaelscoileanna idir 1985-87 agus 1988-90, don mhéid a cuireadh i leith na nGaelscoileanna sna 1980í gur ghlac lucht poblachtach Shinn Féin seilbh orthu. Ba i gcomhthéacs Alt 31 agus an cosc a cuireadh ar Gerry Adams labhairt ar na meáin a rinneadh na líomhaintí seo, dár leis:

Bhí Cooney... fear ar an eite dheas d’Fhine Gael, agus bhí sé saghas ag iarraidh cur ina leith gur eagraíocht de chuid Shinn Féin a bhí i nGaelscoileanna. Ní raibh na rudaí seo fíor in aon chor. Is cuimhin liom, bhí an rud sin ag dul thart ar feadh tamaill. Is cuimhin liom Uinseann Mac Thómais a bhí ag obair leis an Údarás agus dúirt sé go raibh [daoine ag rá] “gur seo na scoileannaí de chuid Shinn Féin.” Rud a bhí scannalach. Ach sin é an t-atmaisféar a chruthaigh an stát.²⁷

Cé gur bheag spéis a bhí ag roinnt gníomhairí sa phoblachtachas polaitiúil ná sa Caitliceachas, níorbh amhlaidh an scéal i gcónaí. Mar a luann Elaine Lynch, duine de na tuismitheoirí a bhí lárnach i mbunú Ghaelscoil Pheig Sayers i gCorcaigh, agus í ag trácht ar thábhacht na Gaeilge agus a rogha scolaíochta dá bpáistí:

My big love for it is because we weren't allowed to speak it by the Black and Tans and all

24 *Comhar*, Iml. 47, uimh 12, Nollaig, 1988, 26.

25 *Comhar*, Iml. 48, uimh 9, Meán Fómhair, 1989, 18.

26 Agallamh.

27 Agallamh.

*this. My history that I would have grown up with, every Irish person knows they're Irish or knows their history I think. We were given it at home. My mother had a very good knowledge of history. I always had the love of it. Even the Mass rocks, that we couldn't have our Mass... a Catholic country, but we were ruled by the English. You would hear that we weren't allowed to speak our language... That gave me the love of it, because we weren't allowed to do it. It's our language... I don't think I'd have put my kids (to the Gaelscoil) if it 'twas multid denominational. Now they went to Coláiste an Phiarsaigh in Glanmire—that's multi-denominational, but they were older then... I was into religion myself at the time. I was educated by nuns, so even though I wouldn't have liked for my kids to be educated by nuns, if they didn't go to the Gaelscoil, they would have went to the nuns. Religion was a huge part of my life, so it had to be for them.*²⁸

Bhíothas ann a chreid go raibh na seanmhúnláir ar ar bunáíodh an Ghaeilge ag crapadh le linn na tréimhse seo de bharr theacht chun cinn an Eorpachais. Cháin *Comhar* tuairisc de chuid Bhord na Gaeilge, *Shaping the Future*, ar an mbonn céanna. ‘Ar ghlac meitheal oibre *Shaping the Future* seasamh polaitiúil atá bun os cionn,’ a scríobhadh san iris, ‘leis an seasamh náisiúnaíoch/poblachtach, a bheag nó a mhór, a bheadh ag formhór phobal na Gaeilge, agus iad siúd atá báúil leis an nGaeilge?... Ní léir dúinn, ach oiread, cén chaoi a bhféadfaí na scothaicmí nua a Ghaelú [ó] tharla a gcinseal siadsan a bheith bunaithe ar an “idirnáisúnachas”/“Eorpachas” ar chuid de chúl a thabhairt dár luachanna traidisiúnta/náisiúnaíocha—Gaelachas ina measc—de réir bunaithe na gcomharthaí atá le feiceáil thar timpeall orainn.’²⁹ Ach bhí lucht na Gaelscolaíochta—nó, is ceart rá, cuid mhaith díobh siúd a bhí i gceannas ar an ngluaiseacht—níos báúla le coincheap an Eorpachais. Mar a léiríodh i ndrúacht-doiciméid de chuid an Fhorais um Oideachas na Scoileanna Lán-Ghaeilge dar teideal *The All-Irish Success Story* a scríobhadh ag tús na 1990í áiríodh i dteannta na gcúiseanna ar fhás an Ghaelscolaíochta an claochlú a tharla ar thuiscint na féiniúlachta ‘*within a European framework*.’³⁰

I gcaitheamh an ama seo leagadh béim ar an nGaelscolaíocht mar an rud a shlánódh an Ghaeilge. Mhínigh Mac Thómais in agallamh le *Anois* in 1988, ‘is í gluaiseacht na scoileanna lán-Ghaeilge an tseoid.’³¹ In 1992 d’áitigh preasráiteas a d’eisigh an Foras um Oideachas trí

28 Agallamh.

29 *Comhar*, Iml. 47, uimh 12, Nollaig, 1984, 4.

30 *The All-Irish Success Story*, drúacht de dhoiciméad gan dáta, c.1991.

31 Gearrthóg ó *Anois*, an 15 Bealtaine 1988.

Ghaeilge gurb iad na Gaelscoileanna ‘*the new flagship of Irish language usage in the country today*.’³² B’údar mórtais do na gníomhairí faoi thús na 1990í an borradh a tharla san earnáil ó thús na 1970í. Ach, ar mhórán bealaí, bhí teacht i réim na Gaelscolaíochta ag titim amach fad is a bhí tuiscint ag forbairt go raibh rás na hathbheochana rite. Mar a scríobh Seán Ó Domhnaill ar *Comhar* agus é ag tarraingt ar fhocail Con Houlihan:

tá an té atá ag súil le hathréimniú na Gaeilge mar ghnáth-theanga labhartha na tíre ag éirí níos cosúla ó lá go lá leis na saighdiúirí Seapánacha a fuarthas i gcoillte na hÁise tríocha bliain tar éis don chath a bheith curtha orthu agus iad ag ceapadh go raibh an cogadh ar siúl i gcónaí.³³

Cé gur chreid go leor é seo le linn na tréimhse seo, braitheadh go raibh solás le fáil i bhfás na Gaelscolaíochta. Ba é an borradh seo, dár le hÓ Domhnaill, an ‘dea-chomhartha amháin atá fágtha ag lucht na teanga.’³⁴ Dá réir sin, creideadh go bhféadfaí an Ghaelscoil a úsáid mar eiseamláir don athbheochan teanga áitiúil. I gcáipéis fhánach a bhain le cur chun cinn an Fhorais um Oideachais trí Ghaeilge thart ar an mbliain 1990, rianaíodh ‘tábhacht na scoileanna Lán-Ghaeilge don teanga.’ I dteannta na ngnáthargóintí faoi shealbhú na teanga do na páistí, dúradh go raibh na scoileanna ‘ag tógáil bunchloch ghníomhach thacaíochta i measc gréasán leathan de dhaoine fásta na tíre.’³⁵ Chaith leithéidí Phádraig Uí Chuanacháin go leor dua leis an stráitéis seo agus é den tuairim go bhféadfadh an Ghaelscoil an Ghaeilge a spreagadh sa cheantar máguaird. Mar is cuimhin le Deirdre Breatnach, múinteoir i nGaelscoil Philib Bharúin ar an Trá Mhór, ‘bhí feachtas [ag Ó Cuanacháin] agus tháinig sé chun na Trá Móire chun é seo a dhéanamh... ceann de na rudaí a bhí ar siúl aige ná laistigh de na hollmhargaí go mbeadh comharthaí ar fáil i Gaeilge... agus is cuimhin liom é ag teacht chun na háite agus go raibh baint aige le ceann de na hollmhargaí sa Trá Mhór agus gur chuir siad roinnt de na comharthaí i nGaeilge sa siopa. Agus sin an rud a bhí i gceist aige, go mbeadh na páistí in ann é

32 Preasráiteas ón bhForas um Oideachais trí Ghaeilge ar *Kayak an Airgid*, gan dáta, c.1992.

33 *Comhar*, Iml. 43, Uimh 1, Eanáir, 1984, 12.

34 *Ibid.*

35 ‘Gaelscoileanna—céard é?’ gan dáta.

seo a fheiceáil timpeall na háite.³⁶ Bhain castacht ar leith leis an ngaol idir mianta na ngníomhairí Ghaelscolaíochta a bhí meáite ar athbheochan phobail a chur ar bun agus oideachasóirí ar theastaigh uathu díriú go príomha—nó, go hiomlán—ar chúrsaí oideachais agus scolaíochta. Bhí teist ar dhaltai Choláiste na Coiribe as a ngníomhaíocht ar son na Gaeilge ag tús na 1990í, mar is cuimhin le Tomás Mac Pháidín, a bhí ina phríomhoide ar an nGaelcholáiste ag an am. Deir sé gur ardaíodh an cheist faoi rudaí eile a dhéanamh nárbh é an t-oideachas é:

Ar feadh roinnt mhaith blianta bhíodh an scoil an-pháirteach sa bhailiúcháin náisiúnta do Chonradh na Gaeilge. Dhéanfaidís an bailiúchán ar fud na cathrach, bheadh airgead mór €1,000 *plus* bailithe agus bheadh cineál comórtais idir na scoláirí. Tar éis roinnt blianta ansin... bhí daoine ag rá “cén fáth go mbeadh daoine atá curtha ar scoil amuigh ar an tsráid ag seasamh taobh amuigh de shiopaí ag bailiú airgid ar feadh an lae?” Tá an saol athraithe go mór.³⁷

Caitheann Deirbhile Nic Craith, a bhí ina múinteoir í féin roimh di a bheith i mbun oibre le Gaelscoileanna agus a chuaigh ag obair leis an INTO ina dhiaidh sin, tuilleadh solais ar an bpointe seo:

Rud a thagann chun cinn uaireanta, toisc go mbíonn pobal an-láidir taobh thiar de bhunú na scoile, bíonn siad an-tiomanta don scoil, ach nuair a bhíonn an scoil ann agus múinteoirí ceaptha agus príomhoidí ceaptha, bíonn ar an gcoiste áitiúil an obair a fhágáil faoi na múinteoirí. Agus caithfear a bheith cinnte nach dtarlaíonn teannas. Ní féidir leis an gcoiste deonach an scoil a rith—tá obair ghairmiúil le déanamh ag an bhfoireann mhúinteoireachta. Uaireanta féadfaidh teannas a bheith ansin, dá mba rud é go raibh daoine ar thuiscintí éagsúla nó dá mbeadh an coiste ag iarraidh an iomarca bainte a bheith aige le riar na scoile.³⁸

Nochtadh tuilleadh de na contrárthachtaí idir na hoideachasóirí lán-aimseartha agus lucht na ngníomhaíochta deonai i rith na mblianta seo. Ach cé go raibh teannas áirithe ar an gceist sin, an dúshlán ba mhó a bhí le sárú ag leibhéal an stáit agus leibhéal na heagraíochta na athrú cultúir a chur i bhfeidhm i nGaelscoileanna.

36 Agallamh.

37 Agallamh.

38 Agallamh.

CAIBIDIL 2: GAELSCOILEANNA 1985

BHÍ SPRIOCANNA GAELSCOILEANNA i lár na 1980í tomhaiste go maith. Thug Fiachra Ó Dubhthaigh sracfhéachaint ar spriocanna na heagraíocht in 1983 faoin bPlean Gníomhaíochta 1983-1986 i leathanaigh *Combar*. Ba é aidhm Gaelscoileanna faoin bplean dhá bhunscoil nua a bhunú, a bhí lasmuigh den Ghaeltacht, in aghaidh na bliana agus iar-bhunscolaíocht a fhorbairt sna ceantair ina raibh gréasán bun-scoileanna cheana. Chomh maith leis sin luadh go raibh sé mar aidhm ag an eagraíocht ‘trí bhunscoil sheanbhunaithe agus dhá iar-bhunscoil a chasadh ar ábhar amháin ar a laghad a theagasc trí Ghaeilge gach bliain.’ Scríobh Ó Dubhthaigh go raibh ‘an dara scoil i gCo. an Chláir ag ullmhú chun casadh ar ábhair a theagasc trí Ghaeilge.’ Bhí údar dóchais ann, chomh maith, a dúirt sé i gCorcaigh.³⁹ Údar dóchais eile ab ea bunú Mheánscoil Ghobnait ar Inis Oírr i Meán Fómhair 1985. Roimhe sin ‘bhí ar pháistí an oileáin freastal ar scoileanna cónaithe ar an mórthír.’ Bheadh ‘costas mór taistil’ i gceist agus ‘chuir an t-uaigneas isteach ar chuid mhaith de na scoláirí a d’fhágadh an bhaile.’ Tháinig coiste tuismitheoirí le chéile in 1983 agus faoi fhómhar na bliana 1985 bhí iar-bhunscoil ar an bhfód. ‘Le bunú na meánscoile,’ a scríobh an príomhoide nua, ‘tá bearna mhór líonta i saol an oileáin... tá torann na ndéagóirí le cloisteáil i bpáirceanna clochacha Inis Oírr.’⁴⁰

Cé is moite den fhás a bhí ag titim amach go neamhspleách nó a bhí beartaithe ag gníomhairí, go himmheánach tháinig Breandán Mac Cormaic i gcomharba ar Thomás Mac Gabhann mar uachtarán ar an eagraíocht Gaelscoileanna in 1985. Mháigh gné-alt ar Mhac Cormaic a scríobh Mícheál Ó Braonáin in eagrán níos deireanaí den iris *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* go raibh ‘an eagraíocht ag crosbhóthar’ in 1985 nuair a toghadh é. ‘Go dtí sin,’ a scríobhadh, ‘bhí fuinneamh iomlán na heagraíochta á chaitheamh ar bhunú scoileanna. Bhí brú ag teacht ó na scoileanna nua-bhunaithe sin chun seirbhísí agus cabhair a fháil.’ Bhí teorann leis an méid go bhféadfadh an ardoifig a bhaint amach ina aonar cé go raibh spriocanna amhail na scoileanna a bhuanú, seirbhísí Gaelscoileanna a mhéadú agus stádas náisiúnta

39 *Combar*, Iml. 43, uimh 4, Aibreán, 1984, 8.

40 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 1, Aibreán 1986, 2.

don eagraíocht i measc oideachasóirí a bhaint amach. ‘Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, cuireadh tús le gréasán fochoistí agus bhí deis ag gach éinne ar an gCoiste Riartha ról gníomhach a bheith aige/aici in obair Gaelscoileanna.’⁴¹ D’fhan sa ról ar feadh bliana idir 1985 agus 1986, ach tháinig tuilleadh brú oibre leis an ngnó lena raibh sé bainteach, ag oscailt conarthaí le bialanna thíos faoin tír.⁴² Ba léir ag an am nach mbeadh ród easca roimh éinne ar theastaigh uathu bonn gairmiúil a chuir faoin eagraíocht.

Bhí cás na Gaeilge sa chóras scolaíochta Béarla sa stát ag teacht go cnámh na huillinne an tráth seo chomh maith. Léirigh an *Cork Examiner* i dtuairisc mar gheall ar phobalbhreitheanna a rinne INTO agus MRBI ‘*only one third of the public rates Irish as being one of the most important subjects for children to learn in school and also only rates improving teaching of Irish as the least important of seven options for increased expenditure in primary education.*’ Dúirt E. Quigley, Ard-Rúnaí INTO gur léirigh na pobalbhreitheanna ‘*a basic contradiction in public attitudes to the Irish language. While on the one hand there was an overwhelming support for the inclusion of Irish in the curriculum for primary schools, on the other hand there was no support for the allocation of additional time or resources to the teaching of it.*’⁴³ Bhí cuid mhaith de bhaill an INTO suaite de bharr fhás na Gaelscolaíochta trátha an ama seo chomh maith, mar a léiríodh sa rannóg dheireanach, rud nár chabhraigh leis an dearcadh acu i leith na Gaeilge trí chéile. Thart faoin ama céanna léirigh Cumann Múinteoirí na hÉireann (TUI) tuairimí den sórt céanna i bpolasaí a d’eisigh siad ar an nGaeilge. Rinneadh roinnt moltaí mar a bhain sé leis an siollabas, achmhainní, múinteoirí agus measúnú, ach dúradh go raibh ‘*increased realisation that schools alone cannot bring about a social linguistic change; Irish as a language needs to be supported by society outside school.*’⁴⁴ Eisíodh plécháipéis san iris *Tuarascáil* i nGaeilge i Márta 1989 chomh maith ar an gceist chéanna. De réir dealraimh, mar fhreagra ar an méid seo, in 1985 rinne Conradh na Gaeilge lainseáil ar ‘polasaí cuimsitheach... maidir le múineadh na Gaeilge agus múineadh trí Ghaeilge ag gach leibhéal—ó réamhscolaíocht go hao-soideachas.’ Cuireadh aighneachtaí isteach sa leabhrán polasaí a bhain

41 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 9, Earrach 1990.

42 Agallamh le Breandán Mac Cormaic.

43 Gearrthóg ón *Cork Examiner*, an 30 Bealtaine 1985.

44 TUI Policy in Relation to Irish, c.1989.

leis an Programme of Action in Education, 1984-87 a d'eisigh an tAire Oideachais.⁴⁵ Beag beann ar chúrsaí polasaí ag leibhéal an stáit, bhí gníomhairí Gaelscolaíochta ag treabhadh leo ag bunú Gaelscoileanna, uaireanta i gcuid de na ceantair ba mhó faoi mhíbhuntáiste sa tír.

45 Fógraí faoi phreasócaid do Pholasaí Oideachais Chonradh na Gaeilge, an 17 Meitheamh 1985.

CAIBIDIL 3:

GAELSCOIL SHEOIRSE CLANCY, 1986—‘CEANN DE NA CEANTAIR IS BUAILTE AGUS IS BOICHTE SA TÍR’

ROIMH BHUNÚ GAELSCOIL Sheoirse Clancy i lár na 1980í, ba é an Mhodhscoil an t-aon Ghaelscoil i gCathair Luimnigh. Deir Monica Hegarty, a mhúin i nGaelscoil Sheoirse Clancy ó 1987 go 1989 gur ‘dócha go raibh siad ag iarraidh go mbeadh rud éigin ar an taobh eile den bhaile’ (agallamh). Ach mar a dúradh in *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, ‘bhí deacrachtaí móra ón tús i gCnoc Theas, áit nár tháinig ach naonúr páistí an chéad lá. D’fhág triúr múinteoirí i gcaitheamh na bliana ach ón gCáisc (1987) ar aghaidh tháinig feabhas ar chúrsaí, bogadh isteach in áras maith, fuarthas múinteoir an-mhaith agus bhí seacht bpáiste dhéag ar an rolla.’⁴⁶ Agus í ag machnamh ar an aistear a thug go Seoirse Clancy i deir Hegarty, a raibh suim aici sa Ghaeilge i gcónaí agus a bhain amach a céim sa teanga ó Choláiste Mhuire Gan Smál, go raibh sé ‘an-deacair post a fháilt sna 1980í.’ Bhí sí tar éis bliain a chaitheamh i monarchan éisc san Íoslainn agus tháinig sí ar ais agus:

bhí cnag ar an doras tráthnóna amháin (i gCáisc 1987) agus bhí fearr darb ainm Pádraig Ó Súilleabháin—bhí baint éigin aige leis an gcomhairle contae ceapaim—agus bhí sé féin agus Seán Ó Nuanáin—fear mór Chonradh na Gaeilge i Sionainn—bhí siadsan ag lorg duine éigin chun seasamh isteach agus ní raibh aon rud eile le déanamh agam *so* ghlac mé leis an bpost. £50 in aghaidh na seachtaine a bhí ann. Chaith mé £20 ar shíob agus bhí an fuilleach agam le caitheamh [GÁIRE]. Bhí Pádraig, Seán Ó Nuanáin agus an tAthair Joe Young ar an mbord bainistíochta. Ní raibh suíomh againn, ní raibh uimhreacha againn—an uair sin chun aitheantas a fháilt bhí méid áirithe páistí ag teastáil, ceapaim gur fiche an uimhir. Ach fiche páiste ní raibh riamh cláraithe in aon scoil eile. Bhí sé deacair fiche páiste a fháilt.

Is cuimhin léi go raibh Colm Ó Cathasaigh ann roimpi ar feadh tréimhse. Bhí cónaí ar Hegarty i dtuaisceart an Chláir an tráth sin agus leagann sí béim ar an tábhachtach a bhain le bheith i do dhuine áitiúil agus tú i gceannas ar Ghaelscoil i gceantar cosúil leis an gCnoc Theas. ‘Bheadh sé níos éasca dá mbeadh aithne agat ar dhaoine a raibh suim acu sa Ghaeilge sa cheantar,’ arsa Hegarty, ‘b’fhéidir clann ar leith a bheadh báúil duit chun labhairt faoin nGaelscolaíocht leis na páistí. Ach ní raibh

46 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 4, Nollaig 1987, 3.

bheadh báúil duit chun labhairt faoin nGaelscolaíocht leis na páistí. Ach ní raibh aon bhaint agamsa leis an gceantar agus bhí cultúr ar leith ansin agus ní raibh mise páirteach. Tháinig mise isteach agus rinne mé obair an lae agus *away* liom.’ Réitigh leithéidí an Athar Joe Young le muintir an cheantair, agus bhí baint aige i mbunú na scoile cé nach raibh an Ghaeilge aige. D’aontaigh Hegarty go ndeachaigh Young i mbun a chuid gníomhaíochta ar son an phobail agus ar son na Gaeilge.⁴⁸ Cé go raibh Young i gcoilár na gníomhaíochta, is cuimhin le Deirdre Breatnach, múinteoir a bhí i nGaelscoil Sheoirse Clancy ina dhiaidh sin, nárbh aon chabhair mhór iad na sagairt eile. Bhí Breatnach tar éis roinnt blianta a chuir di ag múineadh i nGaelscoil Philib Barún i bPort Láirge chomh maith. An nós a bhain leis an Eaglais sa dá cheantair, deir sí, in ainneoin gur theastaigh ó na tuismitheoirí go mbeadh an chéad chomaoineach agus an cóineartú ar fáil i nGaeilge, bhí siad ar nós cuma liom faoin nGaeilge. ‘Ní raibh an Eaglais sásta, na sagairt lena raibh baint [agam] leo, ní raibh siad sásta searmanais ar leith a chur ar fáil don Ghaelscoil. Ní dóigh liom go raibh siad sásta fiú Gaeilge a chur sna searmanais ach oiread. Bhí an nós acu go mbeadh an chéad chomaoineach ar siúl leis na páistí ar fad ar an lá céanna agus go leanfadh sé [mar sin].’⁴⁹

Ba ríshoiléir go raibh ceist na haicme agus an aicmeachais bainteach le scéal Sheoirse Clancy chomh maith, óir ní raibh an roinn sásta aitheantas a thabhairt don scoil. Cháin Íte Ní Chionnaith an Roinn Oideachais in *Combar* as a bheith ‘ag cur bac le bunú nó le forbairt Scoileanna Lán-Ghaeilge.’ Thagair sí go sonrach don Chnoc Theas, ‘ceann de na ceantair is buailte agus is boichte sa tír.’ Ba ‘scannal náisiúnta’ an méid a bhí ar bun ag an roinn ansin, dár léi, ag séanadh aitheantas ar an scoil, scannal a bhí ‘ag déanamh dochair ní hamháin don Chnoc Theas ach do thodhchaí na Gaelscolaíochta.’⁵⁰ Ba chosúil go raibh rianta den aicmeachas a braitheadh le linn chath Scoil an tSeachtar Laoch sna luathsheachtóidí fós ann i measc lucht na roinne os cionn deich mbliana níos déanaí. Ní haon chomhtharlúint é go raibh aitheantas á dhiúltú tráth an ama céanna ar Ghaelscoil Pheig Sayers agus Gaelscoil Mhachan i gCorcaigh ach oiread. ‘Ba cheantair lucht oibre na trí

48 Agallamh.

49 Agallamh le Deirdre Breatnach.

50 *Combar*, Iml. 47, uimh 12, Nollaig 1988, 27.

cheantar seo,’ a tuairiscíodh i *Gaelscoileanna: Iris na bEagraíochta*. ‘Bhí an Roinn Oideachais tar éis a chur in iúl go bhféadfadh na páistí freastal ar mhodhscoileanna i lár Luimnigh agus Chorcaí,’ ach ‘bhí oideachas as Gaeilge ina gceantair féin á lorg ag na tuismitheoirí.’⁵¹ Thagair Pádraig Ó Snodaigh, agus é ag scríobh in *Combar*, do scéal amháin ar chuala sé faoin gcaoi a chaith an Roinn Oideachais le bunaitheoir Gaelscoile a bhí ag fanacht ar feadh i bhfad ar dheimhniú aitheantais dá scoil. Dúradh leo, ‘cén chúis gearáin atá agaibhse; nár thóg sé cúig mhí dhéag ar mhuintir Luimnigh aitheantas a fháil?’ Mheas Ó Snodaigh, gur léirigh sé seo aicmeachas na roinne. ‘Is dócha,’ ar sé, ‘nach raibh na poblachtaigh ar an gCnoc Theas “measúil” go leor dóibh.’ Ba dheacracht bhreise é do scoil ar nós Ghaelscoil Sheoirse Clancy dul i ngleic leis an aicmeachas seo, a bhí fréamhaithe ní hamháin sa roinn, ach i measc na meánaicme áitiúil. Ar an ábhar sin, luaigh Ó Snodaigh san alt thuasluaite scéal a chuala sé faoi Ghaelscoil eile arb as eastáit de chuid na n-údarás áitiúil formhór na ndaltaí a bhí ag freastal air. Bhí príomhoide na bunscoile áitiúil, gur bean Gaeltachta í, ag feachtasaíocht i gcoinne na Gaelscoile. Ba mhór an tacaíocht a fuair sí ó mhná rialta an chlochair áitiúil. Luaigh Ó Snodaigh go dúirt duine de na mná rialta le bean chéile aturnaie, bean a tógadh le Gaeilge agus a bhí ag clárú a cuid páistí sa Ghaelscoil, ‘ní cóir duit d’iníon a chlárú ansin, ní bheidh comhlúadar measúil aici ann.’⁵²

Chuir an bheirt mhúinteoirí a cuireadh faoi agallamh maidir le Gaelscoil Sheoirse Clancy in iúl go raibh deacrachtaí ar leith leis an gcóiríocht agus dul i mbun oibre i gceantar a bhí faoi mhíbhuntáiste. Luann Hegarty, a bhí ag múineadh trí nó ceithre rang ag an aon am amháin ar bheagán áiseanna, gurb é ‘Southill House an suíomh a bhí againn ar dtús. Bhí seomra againn i dteach mór, seomra agus leithreas. Ní raibh clós nó aon rud. Agus ansin an bhliain ina dhiaidh sin bhogamar síos go dtí an t-ionad phobal—halla mór le roinnt suíochán istigh ann.’ Is cuimhin léi nach ‘raibh sé éasca múineadh ann ach oiread. Bhíodh daoine ón taobh amuigh *just* ag siúl isteach’:

tráthnóna amháin chuaigh mé amach agus bhí triúr thuas ar mo charr. Níor liomsa an carr fiú. Ní raibh sé éasca. Ach páistí álainn ar fad. Ach bhí mise sórt gearrtha amach ansin. Ní raibh aithne agam ar mhórán daoine sa che-

51 *Gaelscoileanna: Iris na bEagraíochta* uimh. 4, Nollaig 1987, 3.

52 *Combar*, Iml. 48, uimh 9, Meán Fómhair 1989, 18.

antar. Bhí mé ag brath ar Phádraig, Seán agus an tAthair Joe chun rudaí a eagrú... daoine uaisle... Bhí an tAthair Joe óg, óg agus *trendy* ag an am agus thaitin sé go mór leis na páistí. Agus mar a tharla sé, bhuail mé leis roinnt blianta ó shin nuair a bhí mé ag iarraidh mo sheirbhís don Roinn Oideachais a chur le chéile agus tá sé fós ag obair go dian ar son na ndaoine ansin sa cheantar sin. Ach chaith mé mo chuid blianta ina dhiaidh sin ag obair sa Ghaelscoil in Inis, ach an difríocht—bhí an-chuid tacaíochta in Inis. Ní raibh an tacaíocht cnéanna i [nGaelscoil Sheoirse Clancy] ag an am.⁵³

Tagraíonn Deirdre Breatnach, a tháinig i gcomharba ar Monica Hegarty, do na deacrachtaí sóisialta chomh maith:

bhí an áit in raibh sé lonnaithe, bhí roinnt fadhbanna ó thaobh... ghlaofa DEIS *area* air is dócha anois. Ní raibh an *classification* sin ann ag an am. Arís bhí deacracht ann daoine a mhealladh chun na scoile. Roinnt de na páistí a bhí ann—is cuimhin liom duine nó beirt a bhí an-trioblóideach ar fad. Bhí sé an-deacair smacht a choinneáil orthu. Is dócha go raibh fadhbanna acu sa bhaile... Is cuimhin liom sa chéad áit, a bhí gruama go leor, bhí m'fhear chéile ag gairí nuair a tharla sé seo, bhí mise cineál *traumatised*. Níor bhain siad leis an scoil—tháinig na leids seo isteach, déagóirí, tháinig siad isteach agus ghoid siad m'úll ó mo dheasc [GÁIRE] agus d'imigh siad leo... Is cuimhin liom a bheith cineál buartha faoi agus *vulnerable* san fhoirgneamh sin ach go háirithe. Ach thuig (an coiste bunaithe) nach raibh an áit in oiriúint domsa.⁵⁴

Dá ndéanfadh Breatnach comparáid idir an dá Ghaelscoil inar mhúin sí le linn na mblianta sin, Gaelscoil Philib Bharúin agus Gaelscoil Sheoirse Clancy, bhí níos mó deacrachtaí i Seoirse Clancy chun páistí a fháil. 'Na tuismitheoirí a bhí ann bhí an-suim acu ach b'fhéidir nach raibh an nós in san ceantar daoine a chuir chuig Gaelscoil... tharla sé sin de réir a chéile.'⁵⁵ An dream lárnach de thuismitheoirí a bhí ann, ba léir go raibh siad dionghbháilte. Thuairiscigh *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* in 1988, 'de dheasca stádas neamhaitheanta Ghaelscoil Sheoirse Clancy tá na tuismitheoirí ag íoc as costais uile na scoile le dhá bhliain anuas. In ainneoin na gconstaicí atá an Roinn Oideachais a chur rompu tá éirithe leo an scoil a choinneáil ar oscailt go dtí seo.'⁵⁶ D'éirigh leo an bhó a chur thar abhann agus aitheantas a fháil i mí Eanáir 1989, beagnach trí bliana i ndiaidh a bunaithe. Thug *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* 'ard-mholadh... don choiste bainistíochta a bhí ag plé

53 Agallamh.

54 Agallamh.

55 Agallamh le Deirdre Breatnach.

56 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 5, Aibreán 1988, 4.

leis an scoil, don chathaoirleach an tAthair Seosamh de Siún agus do Sheán Ó Nuanáin, Cathaoirleach Choiste Réigiúnda Thuamhumhan Gaelscoileanna.⁵⁷ Nuair a tugadh aitheantas do na trí scoil gan aitheantas, Gaelscoil Sheoirse Clancy i Luimneach agus péire eile i gCorcaigh (a bpléifear sa chéad chaibidil eile) ar deireadh ‘i gcomhthéacs na gciorruihte i gcaiteachas na roinne’ chreid eagarthóirí na hirise gur ‘cinneadh pearsanta’ an Aire Mary O’Rourke a bhí i gceist.⁵⁸ Sna blianta ina dhiaidh sin níor thit líon na ndaltaí i nGaelscoil Sheoirse Clancy, ach bhí fadhbanna cóiríochta ann go fóill nuair a thug Feidhmeannach Gaelscoileanna, Jacqueline Ní Fhearghusa, cuairt ar an scoil i lár na 1990í:

Ní fhéadfainn cur síos a thabhairt duit ar cé chomh hólc is a bhí an chóiríocht don scoil sin. Nuair a bhí mise ann bhí sé i mbothán a bhí chomh mór leis sin (gluaiseann sí a lámha) agus bhí b’fhéidir deichniúr páiste istigh ann agus ní raibh aon rud ag obair i gceart... Ag an am bhíomar ag teacht amach as géarchéim eacnamaíochta agus ní raibh mórán airgid ann agus bhí an baol ann i gcónaí go ndúnfaí an scoil, ach d’éirigh linn a thathant ar Bhord na Gaeilge airgead a thabhairt dóibh mar saghas íocaíocht eisceachtúil agus chabhraigh sé sin go mór.⁵⁹

Tá cúigear nó seisear ag múineadh ann anois, arsa Hegarty. ‘Ba bhreá liom a fháil amach faoi na páistí. Cá ndeachaigh siad, cár chríochnaigh siad.’ Tá meon deonach ar son na Gaeilge le brath sa mhéid a deir Hegarty faoina heispéaras sa scoil: ‘ní hé an t-airgead a mheall mé... d’fhéadfainn post ceart le hairgead ceart a fháil ach ní raibh mé ag iarraidh iad a ligean síos. Bhí suim agam sa Ghaeilge agus lean mé ar aghaidh agus chríochnaigh mé suas i nGaelscoil in Inis ina dhiaidh sin.’⁶⁰

57 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 7, Aibreán 1989, 3.

58 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 4, Nollaig 1987, 3.

59 Agallamh.

60 Agallamh.

CAIBIDIL 4:

AN GHLUAISEACHT AG FORBAIRT ACH AG
SNÁMH IN AGHAIDH EASA 1986-87

LE FILLEADH AR DHUL chun cinn na heagraíochta Gaelscoileanna ag leibhéal an stáit, b'fhorás suntasach é lainseáil na chéad irise don ea-graíocht, *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* in Aibreán 1986, óir ba ghné amháin í an iris i bhforbairt ghairmiúil na heagraíochta. Chonacthas go raibh fás tagtha ar líon na nGaelscoileanna—'naoi bunscoil is daichead lán-Ghaelacha lasmuigh den Ghaeltacht'—agus na naíonraí—'breis agus 150'—agus cinneadh 'áis teagmhála' a scaipeadh ina measc. Ba iad Rónán Mac an Bhaird, Príomhoide Scoil Rois, Marina Ní Threasaigh, a bhí ag teagaisc sa scoil chéanna, agus Séamus Feirtéar, fear de bhunadh Chorca Dhuibhne a bhí ag múineadh i Scoil Lorcáin, céad fhoireann na hirise.⁶¹ Sa chéad eagrán de *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* tugadh dúshlán don mhíotas gur insititiúidí éilíteacha a bhí sna Gaelscoileanna; 'uaireanta cuirtear i leith na scoileanna seo go bhfuil siad eisceachtúil, go bhfuil siad dírithe ar an mbeagán a bhfuil fabhar agus pribhléidí speisialta acu. Níl aon rud eisceachtúil faoin oideachas atá ar fáil sna scoileanna Ghaeilge. Scoileanna náisiúnta faoi ghnáthchigireacht na roinne atá iontu ach neamhchosúil le scoileanna eile is í an Ghaeilge an meán teagaisc atá iontu. Níl aon rud eisceachtúil faoi na tuismitheoirí a bhunaigh agus a bhunaíonn na scoileanna Ghaeilge. Tagann siad ó gach aicme agus ó gach ceird ach an t-aon éileamh amháin acu, oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil dá gcuid páistí.'⁶²

Léireodh an aimsir nárbh aon éilíteachas a bhí i gceist, ach go háirithe leis na trí scoil i gCúige Mumhan a raibh aitheantas á shéanadh orthu. In Aibreán 1987 thuairiscigh *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* go raibh na scoileanna i Rinn Mhathain agus Parklands i gCorcaigh, mar aon leis an gCnoc Theas i Luimneach, ag feidhmiú gan aitheantas ó Mhéan Fómhair 1986. 'Bíonn deacrachtaí móra ag baint le scoileanna neamhoifigiúla a riar,' a dúradh san iris. I dteannta deacrachtaí eile luadh go raibh 'éiginnteacht i gcónaí ann maidir le tuarastal de shaghas ar bith a chur ar fáil do na hoidí.' Ar an dea-uair léirigh achainí náisiúnta go raibh an pobal ag seasamh leis na scoileanna agus tháinig cabhair

61 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 1, Aibreán 1986, 1.

62 *Ibid.*, 2.

airgid ‘ó dhaoine agus ó eagraíochtaí flaithiúla ar fud na tíre, agus i Sasana agus Meiriceá chomh maith.’ Ina measc siúd a thug cabhair thall i Meiriceá bhí Póilín ó Wyoming ‘a gheall £20 in aghaidh na míosa go dtí go n-aithneofaí na scoileanna.’⁶³ Bailíodh £4,000 ag an am i gcomhar le Conradh na Gaeilge, i dteannta airgead agus síntiúis eile a tháinig trí na Gaelscoileanna féin agus trí fhochoistí réigiúnacha Gaelscoileanna.⁶⁴ Nuair a chuir ionadaí de chuid Pháirtí an Lucht Oibre, Proinsias de Rossa, ceist ar F. Fahey, Aire Stáit ag an Roinn Oideachais, cathain a bheadh cinneadh déanta faoi na trí Ghaelscoil ag tús na bliana 1987, dúirt Fahey, ‘ní dóigh liom go dtógfaidh sé i bhfad chun an t-athbhreithniú seo a chur chun cinn. Tá sé ar bun sa Roinn agus beidh toradh ann chomh luath agus is féidir.’⁶⁵ Bheadh ar leithéidí Ghaelscoil Sheoirse Clancy fanacht dhá bhliain eile go dtí go bhfaighidís an t-aitheantas.

Cé go raibh streachailt ann aitheantas a fháil do na scoileanna áitiúla sin, faoi dheireadh na 1980í bhí fochoistí réigiúnacha de Ghaelscoileanna ag feidhmiú ar fud an stáit agus iad faoi stiúir leithéidí Sheáin Uí Nuanáin agus Mhuiris Uí Choileáin. Bhí feidhmeanna éagsúla acu, mar shampla cúrsaí do bhoird bhainistíochta agus cúrsaí inseirbhíse do mhúinteoirí a eagrú, imeachtaí sóisialta idir na Gaelscoileanna a reáchtáil do thuismitheoirí, múinteoirí agus páistí agus naisc, nó ‘cúpláil,’ a chruthú idir na Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta.⁶⁶ Cruthaíodh na naisc seo, cuir i gcás, idir Scoil Neasáin agus Inis Oírr. ‘Bhí an-bhlas agus líofacht cainte ag na gasúir faoin am ar shroicheamar Stáisiún Heuston ag deireadh na míosa,’ a scríobh oide i Scoil Neasáin, Fearghas Mac Lochlainn, ag deireadh na bliana 1987.⁶⁷ Fad is a bhí tuismitheoirí san iar-Ghaeltacht ag bunú Gaelscoileanna agus á nascadh le scoileanna Gaeltachta bhí iarrachtaí ar bun in 1986 ag leithéidí Bhrian Uí Bhaoill, Phádraig Feirtéar, agus T.P. Uí Conchubhair coistí tuismitheoirí a thabhairt le chéile trí Údarás na Gaeltachta chun ‘guth láidir’ a thabhairt do thuismitheoirí na scoileanna Gaeltachta ar

63 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 3, Aibreán 1987, 1.

64 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 4, Nollaig 1987, 3.

65 Díospóireacht Dháil Éireann, an 11 Meitheamh 1987.

66 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 4, Nollaig 1987, 3.

67 *Ibid.*, 6.

Chomhairle Náisiúnta do Thuismitheoirí.⁶⁸

Ó thuaidh, in ainneoin an dul chun cinn a rinneadh nuair a fuarthas aitheantas do Bhunscoil Phobal Feirste in 1984 agus na gealltanais a rinneadh faoin bhféiniúlacht i gComhaontú Angla-Éireannaigh, bhí cos ar bholg fós á imirt ar lucht na Gaelscolaíochta. Scríobh beirt ó Aontas na Mac Léinn i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, chuig Nicholas Scott, sa Rúnaíocht Angla-Éireannach, ar an 23ú Meán Fómhair 1986 chun a míshástacht faoin eachtra a tharla do Ghaeil an Tuaiscirt a chuir in iúl:

A Aire,

Tugann muid fé dheara gur gabhadh deichniúir Gaeilgeoirí oíche Dhomhnáigh i gContae an Dúin, gur cuireadh ina leith go raibh trealamh míleata ina seilbh acu, agus gur ligeadh saor aréir iad gan bheith cúisithe.

Is léir dúinn gur tharla seo toisc Gaeilge a bheith mar theanga acu agus toisc nár thug siad leaganacha truaillithe dá n-ainmneacha do na péas.

Is fuath linn an ghéarleanúint seo ar mhuintir na Gaeilge in ainneoin na ngeallúintí faoi chothrom na Féinne atá ag teacht le bliain anuas ó lucht an “Chomhaontaithe Angla-Éireannaigh.”

Goilleann sé orainn go mór go raibh mic léinn agus múinteoirí óga gafa agus gur cuireadh isteach ar oideachais páistí i mBéal Feirste de thairbhe na aeachtra seo.

Beidh muid ag súil le freagra.

Is sinne

Ruairí Tóibín, Oifigeach Oideachais

Dáire Mag Cuill, Iar-Oifigeach Cultúir⁶⁹

Bhí an meon frith-Ghaelach le brath i measc lucht na Roinne Oideachais sna Sé Chontae i rith na tréimhse seo. Nuair a foilsíodh polasaí teanga an SDLP in 1987, scríobh státseirbhíseach amháin, P. J. Green *‘its proposals will be generally agreed to be foolish, divisive and reactionary and to show the SDLP in its greenest guise.’* Dúradh, os a chionn sin, go raibh *‘a strong whiff of Gaelic fanaticism’* sa pháipéar agus go raibh moltaí radacacha istigh ann de bharr brú *‘to be seen to outflank Sinn Féin.’*⁷⁰ Bhí

68 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 1, Aibreán 1986, 4.

69 Aontas na Mac Léinn, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, chuig Nicholas Scott, Rúnaíocht Angla-Éireannach, an 23 Meán Fómhair 1986.

70 P.J. Green chuig Mr Spence, Iúil 1987.

maoiniú ar thograí éagsúla a bhain leis an nGaeilge á chiorrú go géar ag státsheirbhísigh na Sé Chontae i rith na tréimhse céanna. Más ba drogallach a tugadh maoiniú do roinnt tograí, bhí iontas ar na státseirbhísigh chéanna nuair nach ngeallfadh rialtas Bhaile Átha Cliath maoiniú don nuachtán *Lá*. Cinneadh go raibh gá ‘*to consider the application again in the light of the Irish response.*’⁷¹ D’éirigh an chonspóid aníos de bharr gur creideadh go raibh naisc idir na poblachtánaigh a bhí i bhfeighil ar Mhuileann Mhic Conmidhe agus na tograí Gaeilge laistigh den ionad. Ba le linn ré rialtas Fhine Gael faoi cheannasaíocht Garrett Fitzgerald a seoladh an freagra amhrasach maidir leis an nGaeilge ó thuaidh, rud nár dhíol suntais é in aon chur.

B’fhollasaí ná riamh faoi lár na 1980í go raibh polasaithe airgeadais rialtais Bhaile Átha Cliath mar a bhain sé leis an tsochaí—ciorruithe a chur i bhfeidhm chun ‘na cuntais a chomhardú’—ag dul i bhfeidhm ar chúrsaí oideachais. Chinn an rialtas Coláiste Bhantiarna na Trócaire, Dún Céire, a dhúnadh thart fán ama seo. I bpreasráiteas a d’eisigh Conradh na Gaeilge dúradh nach raibh ‘an t-éileamh ar áiteanna sna coláistí oideachais ag titim’ agus gurb ‘amhlaidh gur chinn an rialtas líon na n-áiteanna sna coláistí sin a laghdú. Tá plean chuige sin á fheidhmiú acu le tamall de bhlianta anois.’ Maidir leis na scoileanna dúradh go raibh sé ‘náireach go bhfuil breis is 75,000 dalta i ranganna ina bhfuil 40 dalta nó níos mó’ agus ‘in áit a bheith ag glacadh leis an deis iontach atá ann faoi láthair chun an coibhneas ró-ard sin idir múinteoirí agus daltaí a laghdú’ bhí an rialtas meáite ar Dhún Céire a dhúnadh.⁷² ‘*Did Margaret Thatcher get a consultative role in the running of our economy from the Anglo-Irish Agreement in exchange for Dublin’s role in the North?*’ a scríobhadh san *Irish Press*. Tagraíodh don £55 milliún de chiorruithe a fógraíodh sa bhuiséid. ‘*This is the impression one would get from the government’s decision to close Carysfort College following so closely on their announcement that they intended to close eight regional hospitals.*’⁷³ Sa mhullach air sin, cháin Uachtarán Gaelscoileanna, Breandán Mac Cormaic, cinneadh an rialtais mar ‘iarracht neamhphroifisiúnta... le hairgead a shábháil.’⁷⁴

71 P.N. Bell chuig Státrúnaí na Breataine, an 9 Deireadh Fómhair 1985.

72 Preasráiteas Chonradh na Gaeilge, an 7 Feabhra 1986.

73 Gearrthóg ón *Irish Press*, an 6 Meitheamh 1986.

74 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 1, Aibreán 1986, 3.

Bhí an córas Gaelscolaíochta anois faoi straidhn agus 1987 ag dru-
 idim chun deiridh. In alt dár teideal *Focal ón Uachtarán* scríobh Uinse-
 ann Mac Thómais ‘nach bhfuil an córas traidisiúnta ag géilleadh ná ag
 ligean do Ghaelscoileanna barr a gcumais... a shroicheadh.’ Samplaí
 den ‘útamáil’ seo, ar sé, ná ‘cás Bhríd Nic Dhomhnaill i Sraith Salach,
 cás na scoileanna “neamhoifigiúla” i gcathair Chorcaí agus Luimneach
 agus anois an mí-ádh is mó le fada, an t-athrú atá beartaithe ar an
 gcoibhneas idir múinteoirí agus daltaí.’ Faoi Nollaig na bliana sin ní
 raibh an imlitir a d’fhógair an t-athrú coibhneas sin, Imlitir 20/87,
 curtha i bhfeidhm agus lorg Gaelscoileanna tacaíocht ó thuismitheoirí,
 bainisteoirí na mbunscoileanna, Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí
 agus Cumann Múinteoirí Éireann ‘maidir le feachtas comhaontaithe
 i gcoinne na gciorruithe.’ Ba chosúil go raibh beag is fiú á dhéanamh
 ag Cumann Múinteoirí Éireann de na Gaelscoileanna go fóill, óir ‘ní
 bhfuaireamar oiread agus admháil ón litir’ a seoladh chucu.⁷⁵ Tá an
 chosúlacht ar an scéal nár tháinig an chomhghuaillíocht sin le chéile,
 ach, ar aon chaoi, bheadh cath an Shraith Salach idir lámha ag Mac
 Thómais agus go mór i mbéal phobal na Gaeilge i rith an ama.

75 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 4, Nollaig 1987, 1.

CAIBIDIL 5:

**SRAITH SALACH, 1986-90—‘NUAIR A THÉANN
TÚ THAR AN TEACH DÓITE BÉARLA ATÁ UAIT’**

THARRAING CÁS SHRAITH SALACH aird na meán áitiúil agus ag leibhéal an stáit fad is a bhí sé ag titim amach. Baghcat a rinne tuismitheoirí ar mhúinteoir sa scoil, Bríd Ní Dhomhnaill, ba cúis leis an gconspóid. Rinneadh an baghcat de bharr gur chloígh Ní Dhomhnaill le bheith ag teagasc i nGaeilge, cé nár scoil Ghaeltachta a bhí i Sraith Salach. Ach ní raibh an scéal dubh agus bán. D’fhás Ní Dhomhnaill aníos idir Cathair na Mart agus Cluain Cearbháin i gContae Mhaigh Eo. Níor tógadh í leis an nGaeilge cé go raibh an teanga ag a seanmháthair agus seanathair. Spreagadh í i dtreo na Gaeilge de bharr múinteoir sa bhunscoil a raibh an-suim acu sa teanga, agus bhí Gaeilge ann agus í ar an meánscoil sna 1960í chomh maith. Chuaigh sí ar aghaidh chun céim mhúinteoireachta a bhaint amach ó Choláiste Dhún Chéire in 1968. Cé go raibh rang le hollamh amháin trí Ghaeilge, ní raibh na hábhair eile. ‘Cuireann sé iontas orm anois cuimhneamh siar air,’ arsa Ní Dhomhnaill, ‘níor labhraíomar, mar mhic léinn, Gaeilge le chéile ar chor ar bith sa choláiste... agus is cinnte go raibh Gaeilge an-mhaith an t-am sin. Bhí caighdeán maith ag na scoláirí ag an am sin.’ I ndiaidh di an chéim a bhaint amach chuaigh sí ag múineadh i scoil Bhéarla ar Bhóthar na hUaimhe. D’fhan sí ann ar feadh dhá bhliain déag agus ‘as sin chuir mé isteach ar phost i gConamara.’ Céard a spreag an mhian inti dul siar? ‘Thosnaigh mé ag dul chuig an Ghaeltacht do mo shaol féin go pearsanta, mar gheall ar an nGaeilge... Theastaigh uaim teacht chuig an nGaelacht agus cur fúm sa nGaelacht agus feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge freisin... An Ghaeilge bun agus barr na haidhme a bhí agam.’

Ba ghearr gur chuala Ní Dhomhnaill gur éirigh léi an post i Sraith Salach ar imeall na Gaeltachta a fháil. Bhí sí ag brath ar bhogadh ar aghaidh isteach sa Ghaeltacht ina dhiaidh sin—ní raibh Carna i bhfad ar shiúl. Bhí sé deacair lóistín a fháil sa cheantar agus bhí sí ag dul ó Bhun na gCnoc go Sraith Salach gach lá ar a rothar. Bhí cónaí uirthi i bhfoisceacht scread asail den tseanscoil ar Bhun na gCnoc. Míníonn sí go raibh tábhacht ar leith leis an gcomhthéacs teangeolaíochta sa cheantar:

Nuair a tháinig mé ann fuair mé amach go raibh ceantar Gaeltachta garr do Shraith Salach... Tá Sraith Salach idir an Teach Dóite agus an Clochán ar an bpríomhbhóthar... ó thuaidh de Shraith Salach téann tú isteach ar Bhóthar [Áise], iompaíonn tú isteach ansin agus tá an ceantar le feiceáil ón bpríomhbhóthar... Sléibhte Mhám Toirc agus tá na tithe le feiceáil ar thaobh an chnoic, íseal go maith... ceantar Gaeltachta is ea Baile na gCnoc... labhraíonn siad Gaeilge ann anois go laethúil agus bhí Gaeilge á labhairt ansin nuair a tháinig mé go Sraith Salach.

De réir a chéile bhí sí ag fáil eolais faoin méid a tharla sna 1960í i dtéarmaí na scolaíochta sa cheantar, gur deineadh cónascadh i bhfad roimh di teacht chun na háite. Tógadh páistí ó Bhun na gCnoc chuig Scoil Shraith Salach:

Dúnadh an scoil, scoil dhá oide a bhí inti... agus tugadh na gasúir ón nGaeltacht sin go Sraith Salach. Thóg siad scoil nua i Sraith Salach. Bhí tuismitheoirí ina n-aghaidh. Níor theastaigh uathu go mbeadh na gasúir ag imeacht ón gceantar ina raibh siad agus iad ag cónaí garr go leor don scoil—an-gharr don scoil cuid acu—i Bun na gCnoc. B'shin polasaí a bhí ag an Roinn Oideachais ag an am. Cónascadh go leor áiteacha.⁷⁶

Deir Ní Dhomhnaill—agus tá macalla den méid a tharla i nDún Chaoin anseo—nár tháinig éinne ón Roinn Oideachais chun na tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin gcónascadh. Tógadh an scoil agus bhí ar pháistí an cheantair freastal air, páistí ó scoileannaí nach raibh sa Ghaeltacht san áireamh. Mar sin féin, scoil nua a bhí ann, le teas lárnach agus busanna a d'imigh ó theach go theach. Ghoill sé ar Ní Dhomhnaill, áfach, nach raibh 'caint ná ceist dá laghad faoin gcaoi a bheadh an teagasc do na gasúir a d'fhág an scoil sa nGaeltacht... bhí Gaeilge ón gcliabhán ag cuid acu... Ní raibh an oiread sin acu i gceist... agus bhí gasúir ag teacht ó theaghlaigh eile a raibh Gaeilge ón gcliabhán ar a laghad ag tuismitheoirí amháin.' Chuir sé as di, 'an drochmheas a thaispeáin an Roinn Oideachais don Ghaeilge.'

Nuair a tháinig Ní Dhomhnaill chuig Sraith Salach, bhí an Béarla in uachtar sa scoil i dtéarmaí teagaisc de, cé go raibh Gaeilge ag na gasúir a bhuíoch leis an bpríomhoide a bhí ann roimpi. Sna hardranganna a d'athraigh ó Bhun na gCnoc 'bhí na téarmaí acu, go mórmhór i mata agus rudaí mar sin.' Deir Ní Dhomhnaill go raibh ag éirí go maith leis na páistí eile nach raibh Gaeilge ar a dtail acu, gur tháinig tuiscint ar an teanga chucu de réir a chéile agus labhraíodh sí Béarla leo nuair ba

⁷⁶ Agallamh le Bríd Ní Dhomhnaill.

ghá. ‘Agus s’éard a rinne mise ná... bhí an teagasc dátheangach ar feadh tamall maith. Chuir sé iontas an domhain orm an oiread Gaeilge agus an caighdeán a bhí ag na gasúir san rang.’ Ba nós teagaisc é seo a chuaigh ‘ar aghaidh ó cheann go ceann, a d’fhás sa scoil. Ní raibh aon lá a dúradh “as seo amach táim ag dul a dhéanamh chuile rud trí Ghaeilge... Ní mar sin a tharla sé Kerron. Tharla sé go han-nádúrtha, go raibh Gaeilge ag na gasúir. Bhíodar ag tabhairt freagraí dom nach raibh mé ag súil leo agus téarmaíocht nach raibh mé ag súil le na leithéid ar chor ar bith.’ Ní raibh trioblóid ar bith ann ar feadh dhá bhliain.⁷⁷

Ach d’athraigh cúrsaí de réir mar a chuaigh na blianta ar aghaidh agus d’éirigh freasúra i measc na dtuismitheoirí mar gheall ar mhúineadh na Gaeilge. Bhí ról ag an Aire Oideachais, Gemma Hussey sa scéal. Chuaigh na tuismitheoirí chuig teachta dála áitiúil agus mhol seisean dóibh dul chuig Hussey. Thug siad cuairt uirthi i mBaile Átha Cliath. Fuair Ní Dhomhnaill litir ó Hussey agus dúirt sí go raibh an Ghaeilge á cur chun cinn ‘ró-sciobtha’ aici. Rud a chuir as do Ní Dhomhnaill ná go raibh cur i gcéill i measc roinnt de na tuismitheoirí céanna i Sraith Salach a bhí sásta an deontas £10 a ghlacadh. Thiocfadh Uinseann Mac Thómais ó Roinn na Gaeltachta chun an tástáil a dhéanamh. ‘Is iad na daoine céanna a fuair an deontas ach níor theastaigh uathu go mbeadh Gaeilge sa scoil,’ ar sí. Bhí iontas uirthi faoin seasamh a ghlac roinnt tuismitheoirí ó Shraith Salach:

Anois i Sraith Salach bhí go leor daoine a raibh Gaeilge ón gliabhán acu agus gasúir leo ag dul chuig an scoil... i gcás amháin... bhí beirt tuismitheoirí, [bhí] an Ghaeilge ón gliabhán acu... chuireadar an gasúr chuig an scoil nua... agus chuir sé iontas orm gur chuir siad in aghaidh na Gaeilge. Tharla sé sin agus bhí mé ag súil le tacaíocht uathu sin. Thug daoine i mBun na gCnoc tacaíocht dom ceart go leor agus bhí mé ag súil le tacaíocht ó dhaoine i Sraith Salach... tuismitheoirí a tógadh le Gaeilge. *Oh no*, Béarla a bhí uathu.

Bhí tost ann ar feadh tamaill tar éis do Hussey scríobh agus lean Ní Dhomhnaill ar aghaidh ag múineadh go dátheangach. Ach tharla cigireacht uirthi ansin, ‘tháinig an cigire agus thosnaigh seisean ag Béarlóireacht leo, “*what’s your name?*,” “*where do you live?*,” agus ní raibh mé ag súil lena leithéid.’ Tharla sé go raibh duine ó Raidió na Gaeltachta sa cheantar agus iad ag lorg scéalta faoi chúrsaí an cheantair. D’ínis Ní Dhomhnaill dóibh faoina míshástacht maidir leis an gcigire agus

77 Agallamh le Bríd Ní Dhomhnaill.

chuaigh sé amach ar raidió—ní mó ná sásta a bhí an cigire. Ach chuir sé in iúl di ‘go raibh daoine ag glaoch agus ag dul chuig teachtaí dála ag iarraidh air scrúdú a chuir ar mo chuid oibre.’ Chuaigh sí chuig an INTO, mar nach raibh cigireacht chomh rialta á déanamh ar mhúinteoirí eile. D’iarr sí modhthuairisc air agus fuair sí toradh a bhí sásúil agus fágadh í ar feadh tamaill ina dhiaidh sin.⁷⁸

Idir an dá linn, is cosúil gur éirigh raic idir muintir Bhun na gCnoc agus an sagart áitiúil, ina raibh Ní Dhomhnaill páirteach. Ba shagart nua a bhí i gceist agus bhí Aifreann á reáchtáil sa tseanscoil sa bhaile fearainn. Dár le Ní Dhomhnaill, ‘tháinig seisean agus dúirt sé nach raibh sé líofa i nGaeilge ach go bhfoghlaimeodh sé Gaeilge de réir a chéile ach go mbeadh orainn cur suas le Béarla go dtí sin... Ní raibh na daoine sásta, ach Aifreann a bhí ann agus bhí an traidisiúin dul ag an áit sin don Aifreann. Ach sa deireadh bhí sé soiléir nach raibh sé ag déanamh iarracht ar bith cur leis an méid Gaeilge a bhí san Aifreann.’ Deireadh an sagart an phaidir Áir n-Athair i nGaeilge ach b’in an méid. Thosnaigh muintir na háite ag léamh na léachtaí i nGaeilge chun cur leis an méid Gaeilge a bhí le cloisteáil san Aifreann. ‘Chuaigh mé féin chuige agus dúirt mé go rabhamar ag súil go mbeadh Gaeilge ann agus nach raibh aon dul chun cinn á dhéanamh ó thaobh Aifreann Gaeilge agus go raibh sé ag cur isteach orainn. Óóó tháinig an-fhearg air, bhí sé an-mhíshásta...’ arsa Ní Dhomhnaill, a chuaigh ar Raidió na Gaeltachta chun gearáin a dhéanamh faoin gcás. Chuir an sagart tús leis an gcéad Aifreann eile tríd an aifreann a ofráil ‘ar shon na ndaoine a d’inis bréag ar Raidió na Gaeltachta [GÁIRE]... tar éis an Aifrinn thug sé an-íde béil.’ D’fhan daoine ina dtost, seachas fear óg amháin as Bun na gCnoc a thug dúshlán dó.⁷⁹

Dealraíonn sé go raibh tionchar ag an raic reiligiúnach agus teanga sin ar an méid a thit amach ina dhiaidh maidir leis an scoil i Sraith Salach. Chuaigh Ní Dhomhnaill ar laethanta saoire an tsamhraidh in 1986, ach nuair a d’fhill sí arís san fhómhar, dúirt muintir an tigh go raibh sí ar cíós ‘go raibh cruinniú sa scoil agus nach raibh siad chun na gasúir a chur chugamsa sa scoil... Bhain sé sin siar an-mhór asam.’⁸⁰

78 Agallamh le Bríd Ní Dhomhnaill.

79 Agallamh le Bríd Ní Dhomhnaill.

80 Agallamh.

Níor chuir *Carn* aon fhiacail ann nuair a dúradh san iris gur cuireadh tús leis an mbaghat ‘*to exact revenge in light of her public campaign for a weekly all-Irish Mass for the Gaeltacht community of Bun na gCnoc*.’⁸¹ Creideann Ní Dhomhnaill féin gur eascair na fadbhanna as rang nua a tháinig isteach chuici i rang a trí: ‘Bhí grúpa de thuismitheoirí nua ann nach raibh sásta... bhíodar scanraithe go mbeadh an Ghaeilge ródheacair agus nach raibh aon mhaith inti. I ndáiríre, is éard a bhí ann ná bhí daoine nach raibh fabhrach don Ghaeilge ar cor ar bith, bhíodar ag éisteacht le daoine go raibh meas acu orthu gur rud amú a bhí ann a bheith ag foghlaim Gaeilge agus a labhairt.’ Luadh postanna agus a bheith ‘amuigh sa saol,’ arsa Ní Dhomhnaill, ‘an rud ar tharla dóibh i Sasana... daoine a d’fhág an Ghaeltacht, nach Béarla a bhí uathu?... Nuair a théann tú thar an Teach Dóite Béarla atá uait.’⁸²

Níor tháinig aon daltaí isteach i rang Ní Dhomhnaill nuair a thosnaigh sí ar ais i mí Mheán Fómhair, chuaigh na gasúir isteach i rang an mhúinteora eile. Tar éis laethanta saoire na Samhna tháinig múinteoir príobháideach chuig an scoil. Bhí seomra breise ann agus chuaigh sise isteach ansin ‘agus lean sé sin ar aghaidh an scoilbhliain sin.’ Níor íoc an Roinn Oideachais an múinteoir príobháideach. D’íoc an Bord Bainistíochta agus na thuismitheoirí í. Cé gur múinteoir príobháideach a bhí inti, bhí busanna agus teas, solas, clós, na seirbhísí uilig poiblí, ag na daltaí a bhí á múineadh aici. ‘Fuair muid amach bliantaí ina dhiaidh sin,’ arsa Ní Dhomhnaill, ‘gur chuir an tAturnae Ginearálta in iúl don Aire Oideachais go raibh sé sin in aghaidh an dlí... glan in aghaidh rialacha na Roinne Oideachais.’ B’in an staid reatha ó Dheireadh Fómhair 1986 go Meitheamh 1987.⁸³

Ba mhór an dealramh idir seasamh Uí Dhomhnaill ar an gceist agus an méid a bhí Uachtarán Gaelscoileanna, Breandán Mac Cormaic, ag smaoineamh. Níor aontaigh sé le Ní Dhomhnaill. An port a bhí ag Gaelscoileanna, ar sé, ná go raibh siad ann chun freastal ar riachtanais na dtuismitheoirí; ‘ní féidir leat ar thaobh amháin a bheith ag rá “bhuel tá thuismitheoirí ag lorg scoil lán-Ghaeilge, ba chóir go mbeadh sé acu,” agus ansin nuair a iarrann thuismitheoirí “tá scoil lán-Bhéarla uainn,”

81 *Carn*, uimh 23, 1990.

82 Agallamh.

83 Agallamh.

níl cead acu.’ Chreid sé nach raibh aon Ghaeilge sa cheantar ar aon chaoi. Mar sin féin, bhí brú ar an eagraíocht tacú le Ní Dhomhnaill go poiblí.⁸⁴ Rinne Uinseann Mac Thómais, a bhí ina Uachtarán ar Ghaelscoileanna thart fán tráth seo chomh maith, iarracht tacú leis an bpríomhoide trí ráiteas a eisiúint. D’áitigh sé gur íoróineach an scéil a bhí ann go mbeadh buíochas ag dul do phobal Shraith Salach sna blianta amach rompu de bharr gur tharraing siad aird ar cheist cho-incheap na Gaeltachta. *‘Hindsight will show that the parties grouped against the principal of Recess National School, which is in the official Gaeltacht, were singularly unwise in their attitude, stance and actions,’* a scríobh sé. Dúirt sé gur úsáid an dream a bhí i gcoinne Ní Dhomhnaill gach teaicic a bhí acu chun ceist na teanga sa scéal a cheilt. Arsa Mac Thómais:

The principal’s... “crime” was pointing out a truth. A truth pertinent to all Gaeltachtaí today and very much resented by the parents and priests of Recess, and a truth that hurts. It is this, consciously or unconsciously parents from the actual Gaeltacht that straddles the Recess area and parents from outside of the Gaeltacht limits who are Irish speaking themselves were not passing on to their children the natural resource of language—Irish.

D’impigh Mac Thómais ar na dreamana a bhí bainteach leis an gcoimhlint teacht le chéile agus réiteach a fháil ar an scéal.⁸⁵ Bhí ‘drogall’ air a ainm a chur leis an ráiteas, áfach, mar go mba léir don fhreasúra i Sraith Salach gur ó dhuine a bhí bainteach le Gaelscoileanna a tháinig sé, agus nach n-éistfear leis.⁸⁶ Tar éis plé inmheánach i nGaelscoileanna is cosúil nár foilsíodh an t-alt sna meáin nó mar ráiteas oifigiúil de dheasca é a bheith ‘saonta a cheapadh go nglacfaí linn mar idirghabhálaithe.’⁸⁷ Scríobh Mac Thómais chuig Ní Dhomhnaill i mí Aibreáin 1987 ag guí beannachtaí na Cásca uirthi. ‘Coinnigh suas do mhisneach (Béarlachas measaim!) in ainneoin na bhfadhbanna breise atá sa mhullach ort,’ a dúirt sé léi.⁸⁸ Dar le Ní Dhomhnaill, bhí Gaelscoileanna ag tacú ‘ar chuile bhealach a d’fhéadfáidís,’ ach ‘nuair nach ra-

84 Agallamh le Breandán Mac Cormaic.

85 Ráiteas Uinseann Mhic Thómais ‘Recess—a solution?’, Feabhra 1987.

86 Litir ó Uinseann Mac Thómais chuig Colm Ó Dúlacháin, Eagraí Náisiúnta Gaelscoileanna, an 9 Feabhra 1987.

87 Eamram ó ‘Mhícheál,’ Gaelscoileanna, gan dáta, c. Feabhra 1987.

88 Litir ó Uinseann Mac Thómais chuig Bríd Nic Dhomhnaill, an 16 Aibreán 1987.

ibh na gasúir sa rang d'fhág sé sin an chumhacht ag na tuismitheoirí.⁸⁹

Rinneadh go leor iarrachtaí chun teacht ar shocrú. Chuir Conradh na Gaeilge idirghabhálaí isteach. Tháinig an tArd-Easpag Ó Cathasaigh chun labhairt leis na tuismitheoirí. Bhí Ní Dhomhnaill sásta go mbeadh téacsleabhair i Béarla á úsáid agus nach mbeadh an obair bhaile i nGaeilge ‘mar chineál comhréiteach,’ ach go mbeadh an dátheangachas i réim sa seomra ranga. ‘Níor theastaigh réiteach uathu. Ní rabhadar sásta glacadh le réiteach nó le comhréiteach. Is éard a theastaigh uathu ná, ní rabhadar sásta leis an nGaeilge...’ An réiteach a fuarthas idir an roinn agus an INTO ná múinteoir cáilithe a chur go dtí an scoil in áit an mhúinteora phríobháidigh ar bhonn sealadach—‘bhí sin an-neamhchoitianta.’ Arsa Ní Dhomhnaill, ‘duine óg,’ a bhí inti, agus ‘theastaigh post uaithi, fuair sí an post sa scoil... bhí Gaeilge mhaith aici [ach] mhúin sí trí Bhéarla.’ D’éirigh an cúntóir eile as an scoil ar phinsin luath. Fuair an múinteoir eile post ar an bpainéal. Lean sé sin ar aghaidh go dtí 1991 nuair a dúnadh an scoil. Agus chuir na tuismitheoirí na gasúir go scoileanna eile sa cheantar. Bhí roinnt tuismitheoirí ag obair sa Chlochán agus d’fheil an scoil ansin dóibh. D’imigh cuid acu soir i dtreo an Tigh Dhóite, daoine eile go Caiseal. Ach tríd is tríd bhí turais níos faide le déanamh ag go leor acu lasmuigh den cheantar. ‘Shíleadar go mbeadh an bua iomlán acu... ní dóigh liom go rabhadar ag súil go ndúnfaí an scoil... chailleadar amach,’ arsa Ní Dhomhnaill, a bhog isteach go Scoil Iognáid i gCathair na Gaillimhe in 1990 i ndiaidh ceithre bliana de bhaghat ina héadan. Cuireadh ranganna breisoideachais isteach sa scoil ina dhiaidh sin, agus úsáideadh an foirgneamh mar naíonra. Ionad Pobail an Mháma a ghlaoitear air anois.⁹⁰ In 1990 tugadh Gradam an Phiarsaigh do Ní Dhomhnaill as an seasamh a ghlac sí. Agus *Carn* ag tuairisciú ar an ócáid dúradh ‘*the panel of judges chose Bríd from 11 nominations. The award was presented by the President of Ireland, Dr Pádraig Ó hIrigbile.*’⁹¹

Tá fiúntas ag baint le léamh an tsochtheangeolaí Joe Mhic Dhonna-cha ar an scéal: ‘ceann de na deacrachtaí a bhí ag príomhoidí Gaeltachta go minic,’ a áitíonn sé, ‘ná dá dtiocfadh tuismitheoir acu ag clamhsán

89 Agallamh.

90 Agallamh.

91 *Carn*, uimh 23, 1990.

nach raibh siad ag múineadh a gcuid páistí trí mheán an Bhéarla nó gur chóir dóibh níos mó múinteoireacht a dhéanamh trí mheán an Bhéarla ní raibh aon pholasaí ann go bhféadfadh an príomhoide trácht air... an fhadhb ná ní raibh aon *model* acu.’ Ba chuid de dhearcadh an stáit i leith na Gaeltachta i gcónaí, arsa Mac Donnacha, nár ghá aon tacaíocht a chur ar fáil dó mar bhí Gaeilge ann cheana féin. Ba ghá i gCorcaigh nó i gCeatharlach. ‘Ní raibh aon *joined up thinking* ann... [bhí] easpa inniúlachta’ sna córais stáit an tráth sin. An chúis gur éirigh leis an gcóras Gaelscolaíochta nua ó thús na 1970í, i dtuairim Mhic Dhonnacha, ná go raibh múnla tumoideachais acu. Ach ní raibh an chosaint sin ag na scoileanna Gaeltachta. Bhí meascán de mhúnlaí—aonteangach, dátheangach, Béarla. Ach, dá ainneoin sin, cuireadh tús leis an aistear i dtreo polasaí oideachais don Ghaeltacht le linn na mblianta seo chomh maith. An chéad cháipéis a scríobhadh a tharraing aird ar an gceist, cuireadh í faoi bhráid Chomhar na Múinteoirí Gaeilge. Tháinig grúpa oibre le chéile le hionadaithe ó Roinn na Gaeltachta, an Roinn Oideachais agus Comhar na Múinteoirí Gaeilge agus cuireadh tuairisc agus moltaí le chéile. Ach níor tháinig mórán as mar nár tuigeadh go raibh polasaí cuimsitheach de dhíth ag an am agus ní raibh cáipéis pholasaí ann go dtí gur tháinig an ceann in 2018.⁹²

92 Agallamh le Josie Mac Donnacha.

CAIBIDIL 6:

BUAIC RÉ AN DEONACHAIS? 1988

BA I NGORT I bhfad Ó PHOLASAITHE forbartha inniúla Gaeltachta nó Gaeilge a bhí oibrithe Gaelscoileanna ag feidhmiú sna 1980í, cinnirí na heagraíochta ina measc. Agus seacht mbliana d'obair chrua déanta aige, d'éirigh Colm Ó Dúlacháin as mar fheidhmeannach ar Ghaelscoileanna in 1988. Ar ámharaí an tsaoil tháinig Deirbhle Nic Craith i gcomharba air agus an cumas aici an long a stiúradh chun cinn. Tógadh Nic Craith le Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Ba as Corcaigh dá hathair, agus Contae Bhaile Átha Cliath dá máthair. Is cuimhin léi nach raibh Gaeilge ag a chuid gaolta—'bhíomar sórt linn féin mar chlann a labhair Gaeilge.' B'iardhalta Scoil Lorcáin agus Choláiste Íosagáin í.⁹³ Mar a scríobh Dónall Ó Baoill fúithi in *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* 'chuaigh sí... trí mhúileann na mine lán-Ghaelaí i Scoil Lorcáin agus i gColáiste Íosagáin.'⁹⁴ Ba léiriú í, dá bhrí sin, ar athghiniúint na Gaelscolaíochta—dalta Gaelcholáiste a bunaíodh sna 1970í ag teacht in inmhe mar ghníomhaí fostaithe faoi dheireadh na 1980í. Ba le hÓgras agus Feachtas a bhain sí a taithí amach mar ghníomhaí Gaeilge. Bhí sí tar éis céim B.Ed agus Gaeilge a bhaint i gColáiste Dhún Céire agus cháiligh sí mar mhúinteoir bunscoile agus, arsa Nic Craith, 'dár ndóigh bíonn an Ghaeilge lárnach in obair an mhúinteora bunscoile, ach níor mhúin mé i nGaelscoil, mhúin mé i ngnáthscoil.' Ghlac sí sos gairme ón múinteoireacht agus chuaigh sí thar lear, ach nuair a d'fhill sí chuaigh sí ag obair le Gaelscoileanna. Fuair sí níos mó tuisceana ar an nGaelscolaíocht ag an am sin agus 'thuig mé nár sheirbhís é do theaghlaigh a thógann páistí le Gaeilge—tá sin ann, ceart go leor—ach tá sé i bhfad níos leithne ná sin.' Cuid den chúram a bhí uirthi 'ná a bheith ag cabhrú le grúpaí ar an talamh a bhí ag iarraidh scoileanna lán-Ghaeilge a bhuinú ina gceantar féin.'⁹⁵ Tugann Nic Craith breithiúnas ar an dul chun cinn agus na constaicí a bhain lena ceannaireacht ar Ghaelscoileanna:

Bhí sé deacair i gcónaí mar go raibh an pobal in iomaíocht lena chéile áit go raibh scoileanna lonnaithe. Agus i ndáiríre níor bunaíodh an t-uafás scoileanna idir '88 agus '92, sílim, an bhliain ar fhág mé. Ach bhí an fás ag

93 Agallamh.

94 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 13, Earrach 1992.

95 Agallamh le Deirbhle Nic Craith.

tarlú sna bailte lasmuigh de na cathracha. Bhí cúpla ceann tar éis forbairt i gCathair Chorcaí, sílim go raibh ceann i nGaillimh agus cúpla ceann i mBaile Átha Cliath. Ach tosaíodh ar na bailte beaga. Mar shampla is cuimhin liom a bheith ag plé le Leitir Ceanainn, is cuimhin liom a bheith ag plé le hAonach Urmhumhan, áit a raibh gnáthscoileanna ann don phobal agus dár ndóigh ní bhíonn ach méid áirithe páistí ar fáil in aon bhaile amháin agus mar sin níor thaitin sé leis na scoileanna áitiúla go mbeadh scoileannaí nua á mbunú.⁹⁶

Cnámh spairne ab ea an iomaíocht seo ó na Gaelscoileanna a tháinig chun cinn ag Comhdháil Bhliantúil INTO in 1998. Ritheadh rún ag an gComhdháil a rinne éileamh *‘that the special concessions and privileges currently enjoyed by Scoileanna Lan-Ghaelacha (sic) in relation to (a) appointment and retention schedule, (b) grants, (c) funding, (d) transport, be extended to all ordinary national schools under the control of the Department of Education.’* Chuaigh Gaelscoileanna aonarach a ngleic leis an meon seo ar theastaigh uaidh múinteoirí áitiúla ‘cothromú’ a chur i bhfeidhm ar na Gaelscoileanna. Nuair a bhí Gaelscoil Uileog de Búrca ag teacht ar an bhfód bhí aighneas ann le múinteoirí sna scoileanna náisiúnta. D’eisigh rúnaí coiste bunaithe na scoile bileog a rinne iarracht cuid de na miotais a bhain le bagairt na Gaelscoile ar mhúinteoirí eile a chur in a gceart. Dúradh nach gcaillfí poist, ach a mhalairt—go gcruthófaí poist. Maidir le ceist na teanga, luaigh an bileog: *‘suggestions that the setting up of an all-Irish school would in some way lead to discouragement or lack of interest in the teaching of Irish in existing schools seems to us to be pessimistic in the extreme. We feel that such a development would be highly unlikely in a fully trained, highly-committed professional workforce such as national teachers.’*⁹⁷ Dar le Nic Craith bhí faitíos ar mhúinteoirí sna scoileanna náisiúnta go gcaillfidís a bpoist, ach go háirithe sna bailte beaga tuaithe áit a raibh na Gaelscoileanna ag borradh. Bhí buntáiste eile ag na Gaelscoileanna thar go leor de na scoileanna náisiúnta, arsa Nic Craith: ‘an rud a bhí ag na Gaelscoileanna a mheall tuismitheoirí ná gur comhoideachas a bhí i gceist. Agus go minic i mbailte ar fud na tíre ná go raibh scoil do bhuachaillí agus scoil do chailíní... Ach ba rud é sin a mheall tuismitheoirí chun a bpáistí a chur ag an scoil lán-Ghaeilge chomh maith leis an nGaeilge féin.’⁹⁸

96 Agallamh le Deirbhle Nic Craith.

97 *The INTO and All-Irish Schools*, Aodán Ó Braonáin, c.1989.

98 Agallamh.

Tugann iarmhúinteoir Ghaelscoil Philib Barún (1985-89) agus Ghaelscoil Sheoirse Clancy (1989-90), Deirdre Breatnach, spléachadh suimiúil ar an nasc idir na ceardchumann agus na Gaelscoileanna sna 1980í agus luath-1990í. Níor tógadh le Gaeilge Breatnach nó ní raibh scolaíocht i nGaeilge aici sa bhunscoil ná sa mheánscoil. An rud a spreag í le bheith páirteach i saol na Gaeilge ná go ndeachaigh sí go dtí an Ghaeltacht agus bhí sí i gColáiste na bhFiann i Ros Muc agus i dTuama, áit ar ghlac sí ról mar chinnire agus mar mhúinteoir ag tús na 1980í. ‘De réir mar a bhain mé sult agus spraoi as an nGaeilge thuig mé gur teanga bheo é.’ I ndiaidh na meánscoile rinne sí céim sa Ghaeilge i gColáiste Mhuire Gan Smál. Bhí baint aici leis an INTO ach:

níor tharla sé sin toisc go raibh mé i nGaelcoil, tharla sé sin de bharr go raibh mé cairdiúil le cailín eile a d’oibrigh i ngnáthscoil. Bhí suim aici siúd sa cheardchumann agus d’imigh mé go rudaí na gceardchumann. Is dóigh liom sa cheardchumann ag an am ní raibh béim láidir ar an nGaeilge. *Now*, bhí roinnt daoine ó na Gaelscoileanna ann. Is dóigh liom anois tá i bhfad níos mó *impact* ag na Gaelscoileanna in san INTO, ach ní raibh ag an am. Bhí siad cineál ar an imeall agus ní raibh mórán daoine ann. Is dócha sa cheardchumann sna 1980í bhí an-chuid béime ar phá an mhúinteora agus bhí stailceanna ar siúl... An chéad bhliain a bhí mé ag múineadh (i nGaelcoil Philib Barún), bhí mé mar bhall den chumann. Cheap mé go raibh sin tábhachtach. Bhí orainn an scoil a dhúnadh toisc go raibh [stailc ar siúl].⁹⁹

Bhí tionchar ag an easpa maoinithe ar an gcóras Gaelscolaíochta le linn 1988 chomh maith. De bharr a laghad airgid a bhí á fháil ag Gaelscoileanna, chinn an Foras um Oideachas trí Ghaeilge scéimeanna éagsúla a bhunú chun airgid a bhailiú, agus d’eagraigh siad ‘iarratais chuig na comhlachtaí móra, crannchuir, ceolchoirmeacha, teagmhail le Gael-Mheiriceánaigh, le lucht gnó srl.’ Cuireadh fógra sna nuachtáin i dtreo dheireadh na bliana 1988 chun feidhmeannach a earcú chun obair an Fhorais a stiúradh.¹⁰⁰ Ag an leibhéal áitiúil bhí tiomsú airgid ar bun do na scoileanna gan aitheantas i rith an ama. I nGaelcoil Aogáin in Oileán Ciarraí, scoil eile a bhí ag feidhmiú gan aitheantas ar feadh beagnach bliana, bhí tuismitheoirí na scoile ag íoc ‘costais uile a bhaineann le reáchtáil na scoile... iad féin.’¹⁰¹ Fiú sna Gaelscoileanna a bhí ar an bhfód le tamall, bhí airgead de dhíth chun tabhairt faoin ngéarchéim

99 Agallamh le Deirdre Breatnach.

100 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 6, Samhain 1988, 6.

101 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 5, Aibreán 1988, 4.

i gcúrsaí cóiríochta a leigheas. Eagraíodh na ceolchoirmeacha Sounds Dublin ar mhaithe le hairgead a thiomsú do Scoil an tSeachtar Laoch sa Cheoláras Náisiúnta i samhradh na bliana 1988. Is thar dhá lá a tharla na ceolchoirmeacha. Sheinn leithéidí Paddy Reilly agus na Dubliners ann, agus thug Brendan Grace taispeántas grinn uaidh chomh maith. Bailíodh airgead ó ghnólachtaí áitiúla i mBaile Munna agus ó chomhlachtaí níos mó amhail Bord Soláthair an Leictreachais agus Jury's.¹⁰² Ba mhacasamhaol Sounds Dublin, a bheag ná a mhór, a bhí in Ómós, a eagraíodh sa Cheoláras Náisiúnta i rith mhí Mheán Fómhair an bhliain chéanna. D'eagraídh foireann eagraíochta Scoil an tSeachtar Laoch—F. Breathnach, Nollaig Ó Ceallaigh, E. Breathnach, I. Mac Oscair, A. Breathnach, D. Doolan agus Colm Ó Torna—an oíche. Rinneadh seo le tacaíocht ó Chlub Tacaithe Sacair Phoblacht na hÉireann 'chun moladh a thabhairt' don fhoireann sacair a d'imir i mbabhtáí ceannais Chorn na hEorpa 1988 in Iarthar na Gearmáine. Sheinn Paddy Reilly arís, mar aon le The Furey Brothers agus Davey Arthur agus Dreóilín. Bhí Ó Torna mar fhear an tí, agus bhí aíonna amhail Seán Bán Breathnach, Mícheál Ó Muircheartaigh, Pat Kenny and Michelle Rocca i láthair, chomh maith le baill foirne na foirne sacair iad féin. Is i dtreo Scoil an tSeachtar Laoch, GOAL, agus brú do dhéagóirí gan dídean i lár na cathrach a chuaigh brábús na hoíche.¹⁰³ Mar a mhínigh príomhoide na scoile, Dónal Ó Loinsigh, ina réamhrá i gclár na hoíche, bhí 'ganntanas airgid ag cur isteach ar Scoil an tSeachtar Laoch. Tar éis deontas stáit agus eaglaise, caithfidh na tuismitheoirí cuid mhaith airgid a chur ar fáil iad féin.'¹⁰⁴ D'eagraigh Glór na nGael Bhaile Munna i gcomhpháirt le The Brian Boru Company, Bostún, oíche den saghas céanna i mí na Samhna 1988 in Amharclann an Gaiety. Slán Go Fóill, a tugadh air, agus ba chun slán a rá le dream peileadóirí Meiriceánacha a bhí ar cuairt a eagraíodh é. An babhta seo, áfach, bhí teacht isteach na hoíche le dul chuig Scoil Chaitríona, Scéim Fostaíochta Bhaile Munna agus GOAL. Sheinn cuid de na ceoltóirí céanna, mar aon le cór Scoil Chaitríona, agus bhí Michelle Rocca mar bhean an tí.¹⁰⁵

Ní haon iontas go raibh sé ar chumas tuismitheoirí ócáidí ollm-

102 Paimfléad Sounds Dublin, Iúil 1988.

103 Paimfléad Ómós, Meán Fómhair 1988, 9, 16-17.

104 *Ibid.*, 7.

105 Paimfléad Slán Go Fóill, 1988, *passim*.

hóra den sórt sin a eagrú, óir bhí siad cleachtaithe go maith ar an obair dheonach ón mbun aníos le fada. Mar a scríobh tuismitheoir anaithnid faoi Scoil an tSeachtar Laoch in 1988, *‘nobody says becoming involved is easy. It isn’t. Later, when you’ve made friends with the other quare hawks who are involved, it’s a doddle. The craic is good. You’re seeing something for your effort. Even the fighting becomes acceptable.’* Rianaíodh go leor bealaí le ham na dtuismitheoirí a thabhairt don scoil, ina measc bhí *‘the inevitable fund-raising—the annual ceolchoirm, the maratón rothaíochta, the bailiúcháin, oíche chaidrimh, quizzes, scoráíocht, Slógadh, ranga Gaeilge, gardening, maintenance, and even art classes trí Ghaeilge.’*¹⁰⁶ Tráchtann Breathnach ar an gcultúr deonach seo a bhain leis na Gaelscoileanna

an cultúr a bhí ann go raibh comhoibriú idir na múinteoirí agus na tuismitheoirí. Is dócha go raibh an-bhaint ag na tuismitheoirí leis an scoil i gcónaí... bhí siad an-mhaith ó thaobh na tacaíochta de. Ní raibh aon [acmhainní]... Bhí duine de na tuismitheoirí ag déanamh na fótachóipeála domsa... Bhraith tú go raibh na tuismitheoirí ag obair leat. Thuig mé ó bheith ag caint le cuid de mo chairde a bhí ag múineadh freisin nach raibh an nasc sin leis na tuismitheoirí i scoileannaí eile. D’fhág siad na páistí agus b’in é...¹⁰⁷

Tá macalla den scéal sin ag Anna Ní Dhomhnaill a bhí ina príomhoide ar Scoil Neasáin sna 1980í agus 1990í:

Bhí an-bhéim sa scoil ar imeachtaí seach-churaculaim. Mharaigh muid muid féin le bheith firinneach. Nuair a fhéachaim siar anois ar na deiseanna a fuair na páistí... nuair a thosnaigh mise ansin in 1983 caithfidh go raibh an saol níos simplí ar bhealach agus níos éasca. Bhí an-bhéim ar an oideachas, ar na ‘3 R’—go raibh tú in ann Gaeilge líofa a labhairt—go raibh tú in ann tú féin a chur in iúl go hiomlán trí mheán na Gaeilge.

Ó Luain: bhí tacaíocht na dtuismitheoirí agaibh go hiomlán déarfá?

Ní Dhomhnaill: Is dóiche an rud a dhéarfainnse anois ag féachaint siar, na seantuismitheoirí a bhí againn, suas go dtí b’fhéidir cúig bliana déag ó shin [2005], bhfuil fhios agat nuair a bhí an saol níos simplí, bhí... an-tacaíocht ón dream sin, bhíodh siad istigh ag cuidiú, bhí coiste scéimhe ann go raibh gach crann dúchasach ag fás i gclós na scoile. Bhí coiste an-láidir tuismitheoirí ann. Ach is dóiche an rud atá ann ná bhí am ag tuismitheoirí.

D’athraigh sé seo de réir mar a chuaigh na 1990í ar aghaidh agus chuir cúrsaí eacnamaíochta agus oibre brú ar an gcultúr deonach:

Ó Luain: Níl mórán ama ag daoine sa lá atá inniu ann. Bíonn beirt tuismi-

106 Paimfléad Sounds Dublin, Iúil 1988.

107 Agallamh le Deirdre Breatnach.

theoirí amuigh ag obair?

Ní Dhomhnaill: Sea, d'athraigh rudaí go mór is dóiche i rith an Tiogair Cheiltigh... praghas na dtithe, an costas a bhí ann cónaí i mBaile Átha Cliath 16 nó Baile Átha Cliath 14. Bhí go leor tuismitheoirí go raibh an bheirt thuismitheoirí ag obair. Ní raibh an t-am acu am a thabhairt don scoil le bheith fírinneach.... nuair a tháinig brú ar thuismitheoirí agus ní raibh an t-am ag daoine. D'athraigh Coiste na dTuismitheoirí [go] Comhlacht Naithí... thosnaigh siad ansin scéim síntiús deonach.¹⁰⁸

Taobh amuigh de chúrsaí Gaelscolaíochta go sonrach, bhí brú ag teacht ar an nGaeilge sa chóras oideachais trí chéile in 1988. Rinne eagarthóirí *Combar* trácht ar shuirbhé de chuid Irish Marketing Surveys, agus a d'fhoilsigh Bord na Gaeilge, páipéar dár dteideal *An Ghaeilge sna Scoileanna—Tortbaí ar Shuirbhé Náisiúnta* an bhliain sin. Is cosúil gur réachtáladh an suirbhé mar fhreagra ar scéal a bhí á scaipeadh ag an Association for Choice in Irish (ACI) gur mian le móramh an phobail an Ghaeilge a bheith mar ábhar roghnach ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Ach léirigh *An Ghaeilge sna Scoileanna* i mhalairt. Bhí 71% i bhfábhar daltaí sinsearach a bheith ag déanamh staidéar ar an teanga go dtí leibhéal na hArdteistiméireachta. Cháin Bord na Gaeilge suirbhé an ACI toisc foclaíocht na gceisteanna a bheith 'mothálach agus mearbhlach.' Tuigeadh ón suirbhé, dár le *Combar*, go raibh 17% 'den phobal in aghaidh na Gaeilge, go hoibiachtúil.' Léirigh *An Ghaeilge sna Scoileanna* meon an phobail i leith na nGaelscoileanna chomh maith. Chuirfeadh 20% de thuismitheoirí an stáit a bpáistí chuig Gaelscoil agus 17% acu a chuirfeadh chuig Gaelcholáiste iad. Ina ainneoin sin ní raibh ach 3% ag fáil a gceart a bpáistí a chur chuig Gaelscoil agus 2% an figiúr a bhí ann don iar-bhunscolaíocht. Spreag sé seo *Combar* chun ceist an 'éilíteachais' a ardú. Thug na meáin náisiúnta ardán don 17% a bhí in aghaidh na Gaeilge agus ba 'scannal doghlactha... frithdhaonlathach' é seo. Níor tugadh 'an t-aitheantas cuí do ghrúpa pobail atá ar chóimhéid leis... i. iad siúd atá ag éileamh scolaíocht lán-Ghaeilge dá bpáistí.' Ba fhreagairtí 'frithdhaonlathacha' iad freagairtí na meán agus na Roinne Oideachais i leith na Gaelscolaíochta. Ba é 'bua' *An Ghaeilge sna Scoileanna* ná gur léirigh sé 'go paiteanta ar bhonn eolaíochta nach pribhléidí éilíteacha atá á n-éileamh ag Gaeilgeoirí, mar a thabharfadh an ACI le fios, ach bunchearta daonlathacha.'¹⁰⁹ Agus í ag trácht ar an

108 Agallamh le hAnna Ní Dhomhnaill.

109 *Combar*, Iml. 47, uimh 11, Samhain 1988, 4.

ACI, luaigh Íte Ní Chionnaith comhthéacs stairiúil na heagraíochta: ‘tá na hionsaithe is fíochmhaire ó laethanta an LFM [Language Freedom Movement] a ndéanamh ar stádas na Gaeilge laistigh den chóras oideachais. Dream an-bheag, ach dream glic an-eagraithe, atá i mbun na n-ionsaithe seo agus tá éirithe leo a thabhairt le tuiscint go bhfuil i bhfad níos mó tacaíochta acu ná mar ata i ndáiríre.¹¹⁰ Is féidir an méid sin a lonnú sa mhéid a deir Ó Riagáin faoi dhearcthaí sa stát ó dheas sa ré iarchoilíneach, áit a raibh *‘two ideological and status systems... competing for dominance, one deriving from the pre-independence British connection and the second arising from an attempt to establish an alternative based upon “Irish” ethnic identity.’*¹¹¹

Mar a tharlaíonn sé, bhí lorg an LFM fós le brath sa Tuaisceart sna 1980í. Bhí ailtire¹¹² ó Bhaile Átha Cliath ag babhtáil tuairimí ar an nGaeilge le Ball Parlaiminte Aontachtach do Dheisceart Bhéal Feirste agus ceannaire den Ord Oráisteach, Martin Smyth, i gcaitheamh na bliana 1988. Ina dhiaidh sin scríobh Smyth chuig Rúnaí Buan na Roinne Oideachais na Sé Chontae, John Parkes, le tuairimí an ailtire seo a chur in iúl dó. Ba léir gur theastaigh ón ailtire dul i bhfeidhm ar dhul chun cinn na Gaeilge sa stát ó thuaidh. Luaigh Martin Smyth gur áitigh an t-ailtire faoin nGaeilge sna Sé Chontae Fíchead, *‘it is used to shut out those who do not speak it, from teaching to civil service jobs and it is a potent form of discrimination... in the past it has inflamed youth to do rash things and indulge in violence as it was seen as the very badge of nationality.’*¹¹³ Dá mhéad tionchair an LFM ar pholaiteoir nó dhó antoisceach i leith seasamh na Gaeilge sna Sé Chontae, bhí tionchar rialtas Bhaile Átha Cliath i leith mhaoiniú na Gaeilge sa stáitín ag dul i méid i dtreo dheireadh na 1980í. Ba léir, ó dhoiciméid inmheánacha státsheirbhís na Sé Chontae, go raibh níos mó moltaí i leith na Gaeilge ag teacht ó rialtas Fhianna Fáil faoi stiúir Charles Haughey. *‘The Irish have proposed,’* a scríobhadh i dtuairisc rúnda amháin, *‘that all pupils should have the option of studying Irish, in both con-*

110 *Comhar*, Iml. 47, uimh 12, Nollaig 1988, 26.

111 Ó Riagáin, ‘Irish Language Policy 1922–2007: Balancing Maintenance and Revival,’ 61.

112 Cé nach luaitear ainm leis an litir, is dócha gur Christopher Morris, ceann de bhunaitheoirí an LFM, a bhí i gceist.

113 Martin Smyth MP chuig John Parkes, Rúnaí Buan na Roinne Oideachais, an 31 Deireadh Fómhair 1988.

trolled and maintained schools; adequate support for schools providing instruction in Irish; and adult classes in Irish. Iarradh, sa mhullach air sin, ‘*support for Bunscoil Gaelighe [sic] and associated nursery schools*’ agus moladh ‘*in-service courses for Irish teachers; and visits to the Donegal Gaeltacht.*’¹¹⁴ Cé go raibh moltaí maidir le tacú leis an nGaelscolaíocht ag teacht ón stát ar an taobh eile den teorann bhí buairt i measc codanna den stát céanna faoi thionchar an phoblachtachais ar na Gaelscoileanna, go háirithe i ndeisceart na tíre i gCorcaigh.

Advanced Review Copy

114 Tuairisc ar mholtaí rialtas Bhaile Átha Cliath i leith na Gaeilge, c.1988.

CAIBIDIL 7:

GAELSCOIL PHEIG SAYERS, 1988—‘CAITHFIDH
SIBH FÁIL RÉIDH LE SINN FÉIN’

DUL CHUN CINN SUNTASACH don Ghaelscolaíocht i gCorcaigh ab ea bunú Ghaelscoil Pheig Sayers i gceantar lucht oibre i dtuaisceart na cathrach in 1988. Bean a bhí lárnach sa scéal sin ná Elaine Lynch. Cuireann Lynch in iúl nár tugadh cead dá mháthair Gaeilge a labhairt, ach go raibh bá ann don teanga ina teach. Deireadh a hathair rudaí cosúil le ‘leabaigh anois’ agus ní raibh sé i gcoinne na teanga— ‘*we always had the cúpla focal as Gaeilge at home.*’ Ba léir go raibh dúil san oideachas sa chlann ar ball, óir d’fhill máthair Lynch ar an oideachas chun stáidéar a dhéanamh ar theangacha, an Ghaeilge san áireamh, agus í in aois a caoga. B’in a spreag Lynch chun meas a bheith aici ar an nGaeilge. Fad is a bhaineann sé lena bpáistí féin, ‘*the eldest one, she always thought in English, my second one she thought in Irish.*’ Is múinteoir thall i Sasana an dara iníon aici anois.

Agus iad ag eagrú i dtreo bhunú na scoile, tháinig bord bainistíochta láidir i gceann a chéile agus d’fhorbair cairdeas eatarthu. Ba é an Bráthair Seán Beausang, a bhí ina phríomhoide ar an Aonad Gaeilge in iar-bhunscoil an na Mainistreach Thuaidh nó ‘*the Mon*’ ar ball, cathaoirleach an bhoird an tráth sin. Thacaigh Gaelscoileanna leo i rith an ama, go háirithe Pádraig Ó Cuanacháin. Cé go raibh freasúra ann ón mBráthair O’Brien, bhí an tAthair Gus ar fheabhas dár le Lynch agus tríd is tríd ‘*I would say, yes, we had great support from Faranree Church at the time.*’¹¹⁵ Rinneadh tréaniarracht áitreabh a aimsiú don scoil ar dtús agus bhí an CLG ina chabhair:

It was a huge struggle in the beginning. We started in a kitchen in a GAA (club), na Piarasaigh... We always had their pitches... we had their car park as a play area. Na Piarasaigh were absolutely fantastic, always very very good accommodating us... We were in between principals. For the first year we paid (Siobhán)—parents fundraising, and we kept the school open. And we fought then for sanction. We got the sanction in '87 [Gaelscoil Sheoirse Clancy], with Pennyswell in Limerick, I think they were fighting at the same time for sanction. They were a year open. Now we had Mahon—we'd a load of Gaelscoils in the Southside—Douglas, Bishopstown, Ballincollig, all of those were sanctioned but we were the only one in the Northside that weren't sanctioned at the

115 Agallamh.

time.¹¹⁶

Cé nach raibh caill ar bith ar Chlub an Phiarsaigh in go leor bealaí, níorbh é an réiteach ab fhearr é. ‘Tá an ghaelscoil suite inniu thuas staighre i gClub na bPiarsach, áit a bhfuil trí sheomra an-bheag ar cíos ard againn,’ a scríobh Máire Ní Bhriain, príomhoide Ghaelscoil Pheig Sayers, agus An Dr. Seán Beausang, cathaoirleach bord bainistíochta na scoile in *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* thart faoin am sin.¹¹⁷ É sin ráite, d’fhorbair an cairdeas agus an meon deonach i measc bhaill an bhoird bainistíochta agus na tuismitheoirí ainneoin, nó de bharr, na ndeacrachtaí: ‘*we used to have to clean it... they could be using the hall, there could be some do at the weekend... but we had access to the hall, but if they were there the night before we’d have to go over at seven o’clock in the morning before the children started and clean the whole hall and clean the bathrooms... we painted it, we used to do everything. We made fun out of it, we used to have great craic out of it,*’ arsa Lynch.¹¹⁸

Cuireadh bonn maith faoin Ghaelscoil Pheig Sayers go luath, ach bhí deacrachtaí uimhreacha a choimeád. Deir Lynch go raibh cuid dá cairde agus deirfiúracha nár ghlac le coincheap na nGaelscoileanna dáiríre. Bhí amhras ar tuismitheoirí eile faoi ábhar ar nós staire agus tíreolaíochta a aistriú ar ais go Béarla, ach dearbhaíonn sí go raibh siad in ann teacht thairis sin. Maidir le líon na ndaltaí: ‘*I think the first year we might have had twenty-four and we’ll say six of them went on through the whole school. Now when my daughter made her communion, there was six of them... They would have been there from the beginning. A lot of them would have used it like a nursery and pulled out of it after the first year. Because I mean who’s going to put their child into a kitchen?*’ De réir mar a d’fhorbair an scoil chabhraigh caighdeán maith na múinteoirí lena cháil i dtaobh an chultúir de a scaipeadh i measc an phobail. ‘*We wanted parents then to see our children speaking the Irish... We got Iarla Ó Lionaird, he’s a sean-nós signer, he was our principal for a few years,*’ a mhaíonn Lynch Thóg Mairéad, príomhoide ó Bhéal Feiste, go leor amhránaíochta isteach sa scoil chomh maith. Tugann Lynch ómós do Mhairéad—thosnaigh sise agus a fear céile scoil i mBéal Feirste in 1984—agus do Mháire Ní Bhriain ó Bhéal

116 Agallamh.

117 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 14, Geimhreadh 1992, 7.

118 Agallamh.

Átha an Ghaorthaidh. Maíonn Lynch gur tháinig fás ar an nGaelscoil de dheasca na líonraí sóisialta aici agus an bord bainistíochta a bhí in ann cúig pháiste is fiche i n-aghaidh na bliana a chlárú in amanna:

My kids were young. I was out walking in parks and my kids played hurling or camogie. [People] would say “do they go to the Gaelscoil?” and I’d say “ya,” and they’d say “speak in Irish now,” and they would, basic Irish, and they’d say “oh my god, oh my god.” I would have got them in that way like. There was a load of us involved now... We used to do door-to-door collections and that was one of the best things you ever did because you have direct contact with the people and I said “just try it out, come over yourself” and see.”

Chuaigh Lynch i mbun naíonra a reáchtáil ar feadh trí bhliana, idir 1989 agus 1991, rud a chuidigh chun sruth maith de dhaltáí óga a chur i dtreo na Gaelscoile. Tháinig tuilleadh méadaithe ar líon na ndaltáí sa scoil i ndiaidh dóibh aitheantas a fháil. Agus, de réir a chéile, laghdaigh an t-amhras a bhí ar dhaoine eile sa phobal agus i gclann Lynch i leith na Gaelscoile. Tá an dara glúin, garpháistí Lynch, ag freastal ar Ghaelscoil Pheig Sayers i láthair na huairé.¹¹⁹

Amhail Gaelscoil Sheoirse Clancy bhí cúrsaí aicmeacha go mór chun cinn le linn luathbhlianta Gaelscoil Pheig Sayers. Mar a luadh in *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* bhí ‘an Ghaelscoil suite i gceantar atá faoi mhíbhuntáiste le céatadán ard dífhostaíochta agus fadhbanna sóisialta. Tá thart ar 85% de thuistí na scoile dífhostaithe agus, dá bhrí sin, tá fadhb mhór airgid ag an nGaelscoil.’ Chun na deacrachtaí airgid a sháru bunaíodh Coiste Cairde na Scoile agus reáchtáladh crannchuir, siúlóidí urraithe céad mhíle agus a leithéid.¹²⁰ Tugann Lynch léiriú lom ar an tionchar a bhí ag cúrsaí aicmeacha le linn shaolré an chéad bhoird bainistíochta, ‘*There’s about five or six people dead now, that died young, over the time.*’ I gcás an naíonra a bhí sa Ghaelscoil ar dtús, nuair a bogadh amach í go heastát príobháideach darbh ainm Parklands a bhí buailte ar eastát i bhfad níos mó de chuid na comhairle conatae, d’éirigh teannas áirithe: ‘*Parklands was the private [estate] and that’s where I had the naíonra but they treated it like a private nursery for them, and I said “it’s not, it’s part of the Gaelscoil.”*’ Agus bhíodh páistí ó eastáit de chuid na comhairle conatae ar theastaigh uathu dul ar aghaidh sa Ghaelscolaíocht á gcoinneáil amach as an naíonra, rud a thóg ar Lynch deireadh a chur lena cúramaí naíscolaíochta:

119 Agallamh.

120 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 14, Geimhreadh 1992, 7.

In the corporation [estate] there was a nursery there too. But [the Parkland estate parents] would say, "you can't leave them in our one." "Yes we can, if they're going to the Gaelscoil." I did it only for a year then. I'd to give it up, because to me it was dividing the children. The same as everything. They had a youth club and our kids couldn't go into their youth club. I says "no I can't do this, for the simple reason all children are the same, everyone is entitled [to be in this naíonra].

Ó Luain: *There was a bit of snobbery involved?*

Oh yeah, big time. I mean that's still there today.

Conúlacht eile a bhí ann idir Gaelscoil Pheig Sayers agus an méid a thit amach i nGaelscoil Sheoirse Clancy ná go raibh tionchar Shinn Féin le brath i mbunú na scoile, rud a chruthaigh deacrachtaí áirithe, agus b'éigean an gaol eatarthu agus poblachtachas orgánach an lucht oibre a cheilt. Luann Lynch gur chabhraigh comhairleoir de chuid an pháirtí phoblachtaigh, Don O'Leary, go mór le bord bainistíochta na scoile, i dtaobh iad a chur ar an eolas faoina gcearta agus conas plé le polaiteoirí áitiúla. *'He would have been in the background when we started off,' arsa Lynch, 'that time it couldn't be known that he was Sinn Féin. He put his name to nothing. But it has changed so so much. I can see huge changes in it, meaning like 1916 and all this, they do plays and everything. We couldn't have done anything like that back then.'*¹²¹ Tugann Breandán Mac Cormaic léargas ar conas mar a chuaigh ceannaireacht Gaelscoileanna i ngleic le páirt an phoblachtachais i ngníomhaíocht Gaelscolaíochta agus lámha an stáit sa scéal:

Is cuimhin liom go raibh fadhb againn—conas mar a chuirfidh mé é?—go mbeadh duine a bhí le roghnú mar chathaoirleach nach raibh an duine sin innmholtá mar chathaoirleach. Bhí cás thiar i Luimneach, agus i gCorcaigh, i Machain, bhí fadhb ann mar go raibh na Gardaí tar éis a rá go raibh Sinn Féin ceangailte leis an scoil. Bhí mise in dhá chruinniú le [an tAire Oideachais] Mary O'Rourke san íoslach i mBuswells ar a hocht a chlog ar maidin, leathuair tar éis a hocht, le Colm Ó Dúlacháin... Ní raibh sí ag iarraidh go mbeadh státsheirbhísigh ann agus dúirt sí *"look, ní féidir liomsa aitheantas a thabhairt do na scoileanna sin. Caithfidh sibh fáil réidh le Sinn Féin."* Is cuimhin liom go ndeachaigh mé féin agus Colm Ó Dúlacháin síos... go Machain. *Now*, lena gceart a thabhairt do Shinn Féin, ní raibh sé fíor an rud a bhí á rá. Níor scoil de chuid Shinn Féin nó grúpa Shinn Féin a bhí ann, ach bhí siad ag tabhairt tacaíocht phoiblí don scoil. Bhí nuachtlitir acu ag dul timpeall ina mbeadh siad á rá sin go poiblí. Ní raibh greim acu ar an scoil.

Ó Luain: Conas mar a tháinig an scéal ó na Gardaí?

121 Agallamh.

Bheadh na Gardaí ag breathnú ar an stuif sin

Ó Luain: ...agus do luaigh siad é le O'Rourke?

Mac Cormaic: Go dtí an tAire

Cuireadh in iúl do bhord bainistíocha Gaelscoil Mhachain gur thuig Mac Cormaic agus Ó Dúlacháin nach coiste de chuid Shinn Féin iad, ach dá mba rud é gur theastaigh uathu aitheantas a fháil go gcaithfeadh an tagairt don scoil stopadh i bpoiblíocht Shinn Féin. Stopadh é. Agus fuair an scoil an t-aitheantas. Dar le Mac Cormaic gur thuig O'Rourke gur cheist pholaitiúil a bhí ann agus nár ghá an státseirbhís a thabhairt isteach mar bheadh rudaí ró-oifigiúil. D'fheidhmigh Gaelscoileanna ar an mbonn céanna is a d'fheidhmigh an poblachtach Pádraig Ó hEarcáin a bhí go mór chun cinn i Scoil an tSeachtar Laoch agus a tagraíodh dó i Rannóg 1. Mar a luann Mac Cormaic: 'dúramar i gcónaí go bhfágann tú do chuid polaitíochta ag an doras chomh fada is a bhaineann sé leis an nGaelscoil.'¹²²

Ainneoin fhás na Gaelscoile isteach sna luath-1990í, bhí ar lucht Gaelscoil Pheig Sayers leanúint leis an ngníomhaíocht. In 1991 chuaigh siad i mbun siúlóide 100 míle ó Dhún Chaoin go Corcaigh—ócáid ar samhlaíodh é mar Pheig Sayers ag tabhairt na Gaeilge go Corcaigh. Bhí iontas ar Lynch nár maraíodh éinne ar na bóithre. Go luath ina dhiaidh sin troideadh cath i gcomhghuaillíocht le Gaelscoil Mhachan chun an dara múinteoir a fáil don scoil:

They wouldn't give us a teacher then when our numbers came up and we went on strike then outside the Mall. D'you know Seán Óg Ó hAilpín? His mother, his two brothers, Setanta and Aisake and (Aedin?), they were in the Gaelscoil, because the Model closed down inside where the City Hall is. That was the Irish school in my time. And that closed down so we got them—they were playing with Na Píarsaigh anyway. They lived in Blarney. They were down fighting for a new teacher, because we had the numbers and they wouldn't give us one and we were in a disadvantaged area and all this. So eventually because we went on strike—they said you can't do this, and we said we can do what we like it's our country like, what are you gonna do arrest us?—down the Mall that time, we were down there with the children and all that time fighting and we got it. We got the extra teacher then which was fantastic for the school at the time.

B'éigean dóibh dul ag plé leis an Roinn Oideachais chun deontais a fháil le linn na 1990í chomh maith. Aithníonn Lynch gur bhuntáiste a bhí ann a bheith i do thuismitheoir; '*the teachers were restricted in what they*

122 Agallamh le Breandán Mac Cormaic.

could ask for. We could ask for what we wanted? Is cuimhin léi gur chabhraigh bean a bhí líofa sa Ghaeilge agus a d'fhreastail ar Choláiste an Phiar-saigh i nGleann Maghair darb ainm Éilís Woods leo sa phróiseas sin: *'she used to do all translation into Irish. Sure they hadn't a clue about Irish up in the Dáil at the time. Sure even now they don't know Irish—which wrecks my head like. So that was our argument, that was my argument. "Ye don't understand Irish, but you want to deprive my children of the Irish language?" Again you could say what you want when you're a parent. And that's how we would have got results, in everything... then we had to fight for disadvantaged area [stádas DEIS]—we got that.'* Tá cúrsaí talún fós ag dó na geirbe ag lucht Ghaelscoil Pheig Sayers. Tá deacrachtaí i gcónaí ann cead pleanála a fháil agus an scoil a thógáil i suíomh feiliúnach. Tá Lynch buartha go mbogfar an Ghaelscoil ón bparóiste inar bunaíodh í, Fearann an Rí, go dtí an Linn Dubh. *'I hated it coming down here because they were trying to privatise it. They were talking about putting it in to the Mon then, the Mon premises. I would've freaked if it went in there because we'd have lost Gaelscoil Pheig Sayers I reckon.'* Mar sin féin, bhí sí dóchasach go dtógfaí an scoil nua go luath.¹²³

123 Agallamh le Elaine Lynch.

CAIBIDIL 8:

SA TÓIR AN BHUANAITHE, 1989-91

CÉ GO RAIBH sé ag dul deacair ar Ghaelscoileanna áirithe, Gaelscoil Pheig Sayers agus Gaelscoil Sheoirse Clancy san áireamh, buanú le linn na blianta seo, bhí súil dhearfach á caitheamh ar an todhchaí ag lucht na Gaelscolaíochta trí chéile faoin am seo. Sna Sé Chontae faoi 1989 bhí 400 páiste i mBunscoil Phobal Feirste, 100 páiste i mBunscoil Cholm-cille agus bhí an darna bunscoil le h-oscailt i mBéal Feirste agus cúig pháiste is fiche ann.¹²⁴ Sna Sé Chontae Fíchead, mar a luadh i nuachtlitir a seoladh amach i bhfómhar na bliana 1990, tháinig méadú ‘50%... ar líon na scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghalltacht, le deich mbliana anuas, agus tá cuma ar an scéal go leanfaidh an fás agus an fhorbairt seo.’¹²⁵

Ach bhí gnéithe d’fheidhmiú na roinne i mBaile Átha Cliath fós ag imirt drochthionchar ar dhul chun cinn na Gaelscolaíochta, cúrsaí painéil go háirithe. De bharr cúrsaí painéil, bhí ceithre scoil fós gan mhúinteoir ó Mheán Fómhair 1988 agus bhí ‘diúltaithe ag an roinn rialacha an phainéil a chur ar leataobh.’ ‘Caithfear a rá,’ a dúradh in iris na heagraíochta, ‘nach bhfuil na polasaithe éagsúla atá á bhfeidhmiú ag an Roinn Oideachais ag cabhrú le cur chun cinn na Gaelscolaíochta.’ Mhol Gaelscoileanna do na múinteoirí an córas a fheabhsú trína gceardchumainn, agus ‘trí bhrú ó na scoileanna agus trí Ghaelscoileanna ar an roinn táimid dóchasach gur féidir cúrsaí a fheabhsú beagánín ar a laghad.’¹²⁶ Idir an dá linn, reáchtáladh cruinniú idir ionadaithe Gaelscoileanna (Breandán Mac Cormaic, Uachtarán, Mícheál Ó Braonáin agus Deirbhle Nic Craith) agus an tAire Oideachais Mary O’Rourke i mí na Nollag 1989. D’aontaigh O’Rourke go ndéanfaí socrú chun múinteoirí sealadacha a cheadú do scoileanna a raibh deacracht acu teacht ar mhúinteoirí de bharr chóras an phainéil. Dúirt O’Rourke go ndéanfaí ‘iarracht’ freagra a thabhairt maidir le dhá iar-bhunscoil, i mBré agus i gCeatharlach, a bhí le bunú san fhómhar agus léirigh sí a ‘míshástacht féin le héiginnteacht chúrsaí úinéireachta na scoileanna lán-Ghaeilge.’¹²⁷

124 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 7, Aibreán 1989, 4.

125 Nuachtlitir Gaelscoileanna, 4 Meán Fómhair 1990.

126 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 7, Aibreán 1989, 1.

127 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 8, Aibreán 1990, 1.

Ach lean na fadbhanna ar aghaidh an bhliain dar gcionn, 1991. Ní raibh an painéal i Luimneach glanta agus bhí múinteoir amháin fágtha air. Bhí dhá fholúntas i nGaelscoil Sáirséal agus i nGaelscoil Ó Doghair araon. Ach, mar a mhínigh Nuachtlitir Gaelscoileanna, ‘níl ceachtar den dá scoil sásta tairiscint a thabhairt don mhúinteoir ar an bpainéal, agus tá siad sásta an fód a sheasamh.’ D’fhostaigh an dá scoil múinteoirí go príobháideach ar bhonn sealadach. D’ardaigh Gaelscoileanna ceist na conspóide leis an Roinn Oideachais, ach ní raibh dul chun cinn á dhéanamh.¹²⁸ B’éigin do phríomhoide Ghaelscoil Ó Doghair scríobh chuig an bhForas um Oideachas trí Ghaeilge, a bunaíodh in 1990 mar eagraíocht tacaíochta airgeadais don Ghaelscolaíocht, ag lorg airgid ‘don bheirt atá fós ag obair linn gan aitheantas!’ Ba ‘uafásach an scéal é nach bhfuil an fhadhb seo réitithe fós ag an Roinn Oideachais, ach oireann sé dóibh!!!’ B’ait leis an bpríomhoide nach ‘raibh CEARTA ag Gaeilgeoirí na tíre seo!!!’¹²⁹ Míníonn Anna Ní Dhomhnaill, iar-Phríomhoide Scoil Naithí, na deacrachtaí a bhain le múinteoirí gan Gaeilge líofa a bheith ar an bpainéal:

Go minic cuireadh brú orainne na múinteoirí sin a thógáil. Bhí cath le troid gach uile bhliain mar ní fhéadfá múinteoir a thógáil mura raibh an Ghaeilge go líofa acu. Agus ní hamháin sin ach fiú dá mbeifeá tar éis scríobh chuig 600 múinteoir a bhí ar an bpainéal agus dá ndeirfeá leo “tá post i Scoil Naithí, tá fáilte romhat teacht go hagallamh,” agus fiú mura dtiocfadh aon duine ar ais fós ní ligfeadh an Roinn Oideachais nó Oifig an Ard-Easpaig duit do phost a fhógairt go dtí go raibh an painéal sin glanta.¹³⁰

B’fhadhb níos deacra le réiteach é múinteoirí feabhais a fhostú sna Gaelscoileanna. Mhínigh Nic Craith go mbíodh sé ‘deacair... a chur ina luí ar an roinn go mbíonn riachtanais feabhais ag scoileanna lán-Ghaeilge freisin.’ Dáileadh sé mhúinteoir feabhais ar na Gaelscoileanna i rith mhí Iúil 1991, cé nár éirigh le Scoil Santain duine acu a fháil. Bhí feachtas leanúnach ar bun ag an scoil chun múinteoir feabhais a fháil de bharr iad a bheith suite i gceantar faoi mhíbhuntáiste.¹³¹ Scríobhadh i leathanaigh *Comhar* i mí Mheán Fómhair go raibh ‘éagóir’ á déanamh ar Scoil Santain, óir bhí an Roinn Oideachais ag diúltú múinteoir fe-

128 Nuachtlitir Gaelscoileanna, 11 Samhain 1991.

129 Príomhoide Ghaelscoil Ó Doghair, Caisleán Nua Thiar, Contae Luimnigh, chuig an bhForas um Oideachas trí Ghaeilge, an 4 Márta 1992.

130 Agallamh le hAnna Ní Dhomhnaill.

131 Nuachtlitir Gaelscoileanna, an 2 Deireadh Fómhair 1991.

abhais amháin a chur ar fáil don scoil cé go raibh 400 dalta ag freastal uirthi agus í ar oscailt le níos mó ná deich mbliana. Breathnaíodh ar an séanadh sin i dtéarmaí a bhain le cúrsaí aicmeacha. ‘Masla amháin a chaitheadh lucht an tsuarachais le Gaelscoileanna, tráth,’ a dúradh, ‘ba ea go raibh eisiachas ag baint leo.’ Mar sin féin, ‘chruthaigh Scoil Sain-tain agus Gaelscoileanna eile gur líomhain gan bhunús é sin.’ Chreid *Comhar* go raibh an Roinn Oideachais, a bhí sásta múinteoir feabhais a chur ar fáil do gach scoil Bhéarla i dTamhlacht, ag iarraidh ‘an masla sin a fhíorú.’ Bheadh an scoil eisiach, ceart go leor, ach is míbhuntáiste a bheadh ann.¹³² D’éirigh leis an bhfeachtas brú a chuir ar an roinn agus faoi mhí na Samhna cuireadh an múinteoir feabhais ar fáil don scoil. Roinneadh an múinteoir le scoil eile i gCluain Dolcáin. Mar a dúradh i nuachtlitir Gaelscoileanna, ‘is fearr leathmhúinteoir feabhais ná tada, ach beidh múinteoir feabhais dóibh féin á lorg acu amach anseo.’¹³³

Bhí dream tuismitheoirí eile, i Modhscoil Chathair Chorcaí, in adharca leis an roinn thart faoin am seo chomh maith. De bharr an leithcheala a bhí déanta le fada ar an Modhscoil bhí líon na ndaltaí tite de réir a chéile. Ag deireadh na 1980í chinn an roinn go gcaillfeadh an Mhodhscoil múinteoir toisc easpa daltaí a bheith sa scoil. Thosaigh tuismitheoirí ag gníomhú agus léiríodh go mbeadh fás ar an rolla ó trí dhalta is ochtó go cúig dhalta is ochtó do thús na scoilbhliana 1989.¹³⁴ Ach ba léir ón méid a d’inis Parthalán Ó Mathúna, Cathaoirleach ar Chumann Tuismitheoirí na Modhscoile, le Proinnnsias Mac Aonghusa, Uachtarán Chonradh na Gaeilge, go raibh an cath—feachtas a mhair dhá bhliain—caillte faoi Bhealtaine 1990. Cé go raibh tacaíocht le fáil ó Thomás Mac Gabhann i mBord na Gaeilge, agus ó iar-Phríomhoide na Modhscoile, Risteárd Ó Murchú, a chaith sé mhí ag múineadh triúr páiste go deonach agus é ar scor, ní raibh an roinn, Mary O’Rourke nó na múinteoirí a bhí fós sa scoil fiú sásta tacú. Mar a scríobh Ó Mathúna, ‘*with regard to teacher support in the school, we were denied this, and the príomhoide refused to let three children play in the school yard [and] for a period padlocked the door to the coal yard for one day and denied heat and fire to our children in the midst of a very severe winter. Our three children were also struck*

132 *Comhar*, Iml. 50, uimh 9, Meán Fómhair, 1991, 12.

133 Nuachtlitir Gaelscoileanna, an 11 Samhain 1991.

134 Patricia Herron chuig Máirín Quill TD, an 1 Meitheamh 1989.

*off the Roll from 15th February 1990.*¹³⁵ Chuir Seán Mac Mathúna, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, a mhíshástacht faoi chinneadh an rialtais i leith Mhodscoil Chorcaí in iúl i litir chuig Parthalán Ó Mathúna, duine de lucht eagraithe an fheachtais chun é a choimeád ar oscailt; ‘it is unfortunately, quite clear that the Minister and the Department of Education are unwilling to take the special importance and circumstances relating to An Mhodscoil into account when applying the rules relating to teacher/pupil ratios... an all too rigid application of the rules on teacher/pupil ratios makes no sense.’¹³⁶ Míníonn Colm Ó Dúlacháin go bhfuair sé amach ar ball go raibh duine ag an leibhéal is airde sa Roinn Oideachais i gCorcaigh ag cur bac ar fheabhas a chur ar an Modhscoil de bharr gur theastaigh ón Roinn Dlí agus Cirt seilbh a fháil ar an bhfoirgneamh chun a úsáid mar theach cúirte.¹³⁷

Le fada an lá bhí lucht na Gaelscolaíochta in amhras faoi phleanáil straitéiseach na roinne i leith na Gaelscolaíochta. Is cosúil go raibh dul chun cinn ina leith sin thart faoin am seo nuair a aontaíodh gur chóir ‘comhchoiste comhairleach idir an Roinn Oideachais agus Gaelscoileanna’ a bhunú. Tuairiscíodh in *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* in Eanáir 1990 go raibh an comhchoiste comhairleach sin ar an bhfód agus Tomás Ó Gilín, Rúnaí Cúnta na Roinne, ceaptha mar chomhordaitheoir air.¹³⁸ Ach faoi dheireadh na bliana ba léir nach raibh gaol chomh maith sin idir Gaelscoileanna agus an Roinn Oideachais ar cheist an chomhchoiste a bunaíodh ag tús na bliana. Rinneadh gearán i nuachtlitir Gaelscoileanna i mí na Samhna go raibh an eagraíocht ‘míshásta nár cuireadh in iúl’ dóibh faoi athrú cathaoirleachta ar an gcomhchoiste. Bhí cathaoirleach ‘seasta’ á lorg ar feadh tréimhse trí bliana chun go mbeidís in ann ‘dul chun cinn leanúnach a dhéanamh.’¹³⁹ Thart faoin am céanna dúradh in *Combar* gur chuir fás na Gaelscolaíochta buairt ar ‘scáthanna calctha na Roinne Oideachais’ de dheasca iad a bheith bunaithe ‘ar shamhlaíocht agus rannpháirtíocht an phobail sa chóras oideachais.’ Glaoth ‘dineasáir’ orthu siúd sa roinn a bhí ag

135 Parthalán Ó Mathúna, Cathaoirleach Cumann Tuismitheoirí na Modhscoile chuig Proinsias Mac Aonghusa, Uachtarán Chonradh na Gaeilge, 17 Bealtaine 1990.

136 Seán Mac Mathúna, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge chuig Parthalán Ó Mathúna, an 1 Meitheamh.

137 Agallamh le Colm Ó Dúlacháin.

138 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 8, Aibreán 1990, 1.

139 Nuachtlitir Gaelscoileanna, 11 Samhain 1991.

seasamh i gcoinne an daonlathais seo.¹⁴⁰ Ceann de na rudaí a tharla le linn na tréimhse seo chun an fás daonlathach a bhainistiú, nó a smachtú ba cheart a rá, dár le Deirbhile Nic Craith agus í ag breathnú siar, ná gur tógadh isteach tuilleadh rialacha faoi bhunú Gaelscoileanna:

De réir a chéile tháinig rialacha ón roinn. Sílim ar dtús nach raibh aon riail ar leith ann agus bunaíodh scoileanna le cúpla dalta. Ach sílim go bhfaca an roinn go raibh gá dóibh rialacha éigin a chur i bhfeidhm. Agus is cuimhin liom an tráth go raibh mé féin ag plé leo go raibh ort fiche páiste a bheith agat a bhí do na naíonáin. Tá sé sin go breá i gceantar uirbeach, ach is dúshlán ar leith é i gceantar tuaithe. Bhí orainn a rá leis an roinn gur leatrom ar na ceantair thuaithe é. Is féidir le scoil feidhmiú ina scoil ceithre oide, ach ní bheadh fiche dalta sna naíonán sa scoil sin ach oiread. Arís is scoil inmharthana í scoil ceithre oide. Níor athraíodh an riail sin go ceann tamaillín ina dhiaidh sin. Ceapaim gur thuig an roinn go raibh gá go mbeadh treoir éigin le leanúint ionas nach bhféadfadh díreach scoileanna a bhunú ar fud na tíre.¹⁴¹

Mar sin féin, ag tús na 1990í, theastaigh ó Ghaelscoileanna go n-athrófaí na coinníollacha a bhain le haitheantas a thabhairt do scoil. Measadh go raibh íostearainn fiche páiste nach raibh ar scoil cheana ró-ard do bhailte beaga tuaithe. Chruthaigh an dara coinníoll a leag an roinn síos deacrachtaí freisin—sé sin go mbeadh ‘cóiríocht sealadach oiriúnach... ann don scoil ar feadh tréimhse trí bliana ar a laghad agus cead pleanála faighte.’ Mhínigh nuachtlitir a sheol Nic Craith an tráth sin nach raibh ‘cóiríocht oiriúnach ar fáil i gcónaí... agus ní thugann an roinn aon chúnamh do scoil seomraí a fháil i dtús ré na scoile.’¹⁴² Creideann an sochtheangeolaí Josie Mac Donnacha gurb é ceann de na cúiseanna leis an easpa pleanála seo a braitheadh sa Roinn Oideachais agus i Roinn na Gaeltachta idir na 1970í agus na 1990í ná an easpa saineolas feiliúnach a bhí sna rannóga sin:

Ceann de na fadhbanna atá leis an gcóras stáit, seachas roinn nó dó. Sa Roinn Talmhaíochta fostaíonn siad daoine atá cáilithe mar thréidlianna, sa Roinn Gnóthaí Eachtracha fostaíonn siad daoine a bhfuil grá faoi leith acu le haghaidh taidhleoireachta agus de réir a chéile cothaíonn tú saineolas sa taidhleoireacht má fhanann tú sa roinn. Sa Roinn Gnóthaí Airgeadais amanna fostaíonn siad daoine a bhfuil cáilíocht acu i gcúrsaí eacnamaíochta agus airgeadais. Ach má thógann tusa na hinstiúidí stáit atá ag plé leis an

140 *Comhar*, Iml. 50, uimh 9, Meán Fómhair 1991, 11.

141 Agallamh le Deirbhile Nic Craith.

142 Nuachtlitir Gaelscoileanna, an 2 Deireadh Fómhair 1991.

nGaeilge, Foras na Gaeilge, Roinn na Gaeilge, an Roinn Oideachais, Údarás na Gaeltachta, ní fhostaíonn siadsan daoine a bhfuil oiliúint faoi leith acu nó cáiliócht faoi leith acu sa phleanáil teanga, sa tsochtheangeolaíocht nó in aon réimse den teangeolaíocht. Tá na daoine seo ag obair gan aon oiliúint faoi leith sa réimse fíorchasta a bhfuil siad ag plé leis... go bhfuil easpa inniúlachta ann de bharr go bhfuil easpa saineolais ann.¹⁴³

Chun dul i ngleic le cuid de na fadhbanna maoinne a bhain leis an eagraíocht Gaelscoileanna agus an líonra scoileanna bunaíodh an Foras um Oideachas Trí Ghaeilge in 1990. Ba iad príomhaidhmeanna an Fhorais ná, mar a luadh i mbunreacht na fo-eagraíochta, 'a) an t-eagras Gaelscoileanna a airgeadú' agus 'b) maoin a cheannach pé acu réadach nó ar leas na heagraíochta Gaelscoileanna,' agus 'c) airgead a chur ar fáil, i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar iarratais... do scoil nó coláiste nó institiúid oideachais lán-Ghaeilge eile gur ball de Ghaelscoileanna é.'¹⁴⁴ Roghnaíodh Pilib Ó Ráighne mar fheidhmeannach ar an bhForas. Múinteoir cáilithe as Cathair Chorcaí ab ea é. Bhí 'sealanna éagsúla caite aige ag obair le dreamanna difriúla ó Chorcaigh go Trinidad go Luimneach, áit a bhfuil sé faoi láthair' ag obair le Dunnes Stores.¹⁴⁵ Rinne an Foras iarracht daoine mór le rá, amhail John Hume, a fháil chun tacú lena dtogra.¹⁴⁶ Labhair Mac Thómais le Hume ag Féile na nOisrí i nGaillimh chun 'cúraimí an Fhorais' a chur in iúl dó.¹⁴⁷ Bhí sé ar intinn acu ón tús daoine mar Hume agus Máire Mhic Róibín a earcú mar phatrúin ar an eagraíocht. Pléadh na moltaí seo ag cruinniú de chuid choiste an Fhorais i bhFeabhra 1991. Dhiúltaigh oifig Mhic Róibín don tairiscint cheana. Bhí sé ar intinn ag an gcoiste dul i dteagmháil léi arís go díreach trí na ceardchumainn, agus iad feasach go raibh sí mar phatrúin ar rudaí eile amhail an Irish American Cultural Institute.¹⁴⁸

Bheartaigh lucht an Fhorais airgead a ghlacadh ó fhondúireachtaí

143 Agallamh le Josie Mac Donnacha.

144 Bunreacht an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 15 Nollaig 1990.

145 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 7, Aibreán 1989, 6.

146 Uinseann Mac Thómais chuig John Hume MEP, an 1 Samhain 1991.

147 Miontuairiscí cruinnithe de chuid an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 5 Deireadh Fómhair 1991.

148 Miontuairiscí cruinnithe de chuid an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 16 Feabhra 1991.

éagsúla carthanachta agus oideachasúla ar fud na hEorpa, dá bhféad-faidís é a fháil uathu.¹⁴⁹ Ba dhream uailmhianach iad agus é ar intinn acu foirgneamh a fháil ar cíós chun gnó na heagraíochta a dhéanamh ann ar Phlás Ely, Plás Mhic Liam, Cearnóg Mhuirfean nó Sráid Leeson—ceantracha saibhre i lár chathair Bhaile Átha Cliath.¹⁵⁰ Ceann de na chéad ghníomhartha a beartaíodh a dhéanamh ná ollchrannchur a chur ar siúl i gcomhar le Coiste Cultúir agus Pobail na Sionainne. D’úsáidfí an t-airgead chun na scoileanna a mhaoiniú chomh maith le brabús a ghiniúint don Fhoras féin.¹⁵¹ Dúradh go raibh ‘Crannchur an Choiste Cultúrtha Gaelach agus Pobal’ [sic] (ainm a tugadh air in áit Crannchur na Sionna nuair a leathnaíodh amach é), ‘bunaithe go dleathach agus tá cead faighte ó na Gardaí Síochána dul ar aghaidh leis an bhfiontar.’¹⁵² Níorbh obair éasca a bhí i gceist. Cé gur éirigh go breá le cruinniú i Luimneach i mí Dheireadh Fómhair 1990, thuairiscigh Uinseann Mac Thómais go Deirbhile Nic Craith gur ‘praiseach de chruinniú’ a tharla i nGaillimh an oíche dár gcionn nuair nach raibh ach cúigear i láthair—ceithre thuismitheoir agus múinteoir amháin. Bhí an lucht éisteachta ‘tógtha leis an gcrannchur féin,’ ach bhí ‘an-drogall [orthu] an cúram a thógáil orthu féin gan dul i gcomhairle leis na scoileanna.’¹⁵³ Bhí deacrachtaí ann le sárú maidir leis na duaiseanna uaireanta. In Lúnasa 1990 thuairiscigh Seán Ó Nuanáin go raibh éiginnteacht ann anois mar gheall ar na príomhdhuaiseanna—turaís chun an Mheánoirthir—‘toisc an baol cogaidh san Iaráic.’¹⁵⁴ Mar sin féin, cuireadh feabhas ar chur i láthair na scéime agus, is cosúil, gur sáraíodh deacracht na nduaiseanna. Faoi dheireadh 1991 bhí Ó Nuanáin ábalta tuairisc a thabhairt do choiste an Fhorais go raibh an chéad chrannchur

149 Cáipéisí fánacha le hainmneacha eagraíochtaí agus fondúireachtaí éagsúla liostaithe orthu, páipéir, gan dáta.

150 Comhfhreagras ón gcomhlachta ceantálaithe Finnegan Menton, gan dáta.

151 Breandán Mac Cormaic, Cathaoirleach an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 27 Meitheamh 1990.

152 Miontuairiscí ar cruinnithe de chuid an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, Ros Cré, an 16 Iúil 1990.

153 Uinseann Mac Thómais chuig Deirbhile Nic Craith, an 2 Deireadh Fómhair 1990.

154 Miontuairiscí ar chruinniú de chuid an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 27 Lúnasa 1990.

rite agus teacht isteach £5,000 ginte.¹⁵⁵

Thacaigh Gaeil i Meiriceá leis an bhForas um Oideachas trí Ghaeilge chomh maith. Bhunaigh Liam Ó Casaide, Seosamh Mac Bhloscaidh (a mhúin Gaeilge i mBrooklyn) agus Fionnbarra Ó Brolcháin Fondúireacht an Chraoibhín Aoibhinn i dtús na bliana 1990 chun an Ghaelscolaíocht in Éirinn a mhaoiniú. Ba é Ó Brolcháin an teagmhálaí idir lucht Mheiriceá Thuaidh agus Éire. I ráiteas a scríobh Ó Casaide i gcéad eagrán nuachtlitir na Fondúireachta, *Tuarascáil*, mhínigh sé gur theastaigh ón eagraíocht a cuid spriocanna a bhaint amach trí dhul i mbun airgid a thiomsú agus *‘by building a large and far-flung membership.’* D’fhiafraigh sé dá léitheoirí *‘why should all this interest North Americans?’* Ba thábhachtach an rud é do Mheiriceánaigh agus Ceanadaigh de shliocht na hÉireann, a dúirt sé, mar go raibh *‘a valid claim to the cultural inheritance of Ireland’* acu, chomh maith le *‘a stake in its survival.’*¹⁵⁶ Is cosúil go ndeachaigh Ó Brolcháin i dtreo Dheirbhle Nic Craith go luath i ndiaidh bhunú na Fondúireachta chun a insint di faoin dul chun cinn a bhí déanta agus chun nasc leis an bhForas um Oideachas trí Ghaeilge a phlé. Mhínigh sé go raibh stádas carthanachta beagnach bainte amach ag an bhFondúireacht, rud a rinne Paul O’Dwyer. Bhí Ó Brolcháin, Liam Ó Casaide agus Seosamh Mac Bhloscaidh i mbun teagmháil a fhorbairt leis an bhFondúireacht. Scaip siad trí 300 litir ar theagmhálaithe i Meiriceá ag iarraidh orthu síntiús a ghlacadh.¹⁵⁷ Faoi 1991 bhí an Foras um Oideachas trí Ghaeilge ag feidhmiú mar ‘choiste comhairleach’ d’Fhondúireacht an Chraoibhín Aoibhinn, agus bhí comhchoiste ar na bacáin. Bhí sé ar intinn ag lucht an Fhorais teagmháil a dhéanamh le ‘muintir *USA*’ chomh maith. Ba mhian leo ‘cloí le trí nó ceithre chathair,’ óir thuig siad go mbeadh sé deacair an teagmháil a choimeád. Cé go raibh eolas acu ar Fhondúireacht an Chraoibhín Aoibhinn ag an bpointe seo, theastaigh ó lucht an Fhorais a nuachtlitir féin a dháileadh i measc na nÉireannach Meiriceánach chomh maith. Rinneadh iarracht freisin nasc a chruthú leis an gComhdháil Mheiriceánach do Léann na hÉireann i samhradh na bliana 1992.

155 Miontuairiscí ar chruinniú de chuid an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 5 Deireadh Fómhair 1991.

156 *Tuarascáil*, Iml.1, uimh.1, Earrach 1991.

157 Miontuairiscí Dheirbhle Nic Craith maidir le cruinniú aici le Fionnbarra Ó Brolcháin, an 13 Márta 1990.

Labhair Ó Brolcháin ag an gComhdháil cheana chun obair an Fhorais a chur in iúl agus ceapadh go mbeadh deis ag an bhForas teagmháil níos buaine a chruthú leis an eagraíocht agus institiúidí eile i Meiriceá le linn na comhdhála i nGaillimh i rith mhí Iúil 1992.¹⁵⁸ I dtéarmaí an Tuaiscirt, mhínigh Ó Casaide go raibh siad ag comhoibriú le Comhairle na Gaelscolaíochta i mBéal Feirste. ‘*Encouragingly,*’ a dúirt sé, ‘*the interest in Irish-medium education shown by North Americans has helped bring Irish-language groups north and south of the Border together.*’¹⁵⁹ Go deimhin, bhí cruinniú den choiste comhairleach d’Fhondúireacht an Chraoibhín Aoibhinn a bhuail le chéile i dtreo dheireadh na bliana 1990 tar éis aontú ar an bpointe sin. Léiríonn miontuairiscí de chuid an choiste chomhairligh gur beartaíodh go mbeadh an Foras um Oideachas trí Ghaeilge ag feidhmiú i ról comhairliúcháin d’Fhondúireacht an Chraoibhín Aoibhinn ‘ar an gcoinníoll go rachadh airgead ó Mheiriceá chuig an Tuaisceart chomh maith leis an bPoblacht.’¹⁶⁰

Ba chnámh spairne í an Ghaeilge i gcóras oideachais agus sochaí na Sé Chontae i rith na mblianta seo i gcónaí. Ba léir gur theastaigh ón stát dípholaitiú a dhéanamh ar an teanga. Bhí neart cur agus cúiteamh i gcomhfhreagras na státseirbhíseach faoin ngreim a creideadh a bhí ag Sinn Féin ar an nGaeilge agus tionchar an phoblachtachais ar ionaid cosúil le Muileann Mhic Conmidhe ina raibh roinnt tograí Gaeilge agus Gaelscoil na bhFál, ar feadh tréimhse. Rinne an Central Cultural Relations Unit (CCRU) iarracht tacú le hÍontaobhas Ultach. Daoine meánaicmeacha a chuirfí chun cinn chun cinnireacht ar an teanga a ghlacadh in áit na bpoblachtach den lucht oibre. Mhol an CCRU baill an choiste agus luadh beirt acadóirí, beirt dochtúirí, dlíodóir agus státseirbhíseach.¹⁶¹ Chreid Áine Andrews agus í ag scríobh in *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* in 1989 go raibh ‘dhá claonadh le sonrú’ le tamall de bhlianta anuas sna Sé Chontae: ‘lagú na Gaeilge sna meánscoileanna, agus fás ar an oideachas trí mheán na Gaeilge.’ D’áitigh sí go raibh níos mó ná míniú amháin ar lagú na teanga sna meánscoileanna

158 Miontuairiscí cruinnithe de chuid an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 16 Feabhra 1991.

159 *Tuarascáil*: Iml.1, uimh.1, Earrach 1991.

160 Miontuairiscí de chuid Choiste Comhairleach Fhondúireacht an Chraoibhín Aoibhinn, an 17 Samhain 1990.

161 Tuairisc ar Íontaobhas Ultach, c.1989.

Caitliceacha, easpa na dtéacsleabhar ina measc, tosaíocht á tabhairt do theangacha eile agus maolú ‘ó thosaigh na trioblóidí, go háirithe’ ar ‘spiorad an náisiúnachais sa mheánaicme abhus, agus is í an mheánaicme a stiúrann na scoileanna.’¹⁶²

Ceist eile a bhí á hionramháil le linn na tréimhse seo ná aonad acmhainní do na Gaelscoileanna a bhunú. Thiar in 1981 foilsíodh cáipéis ar aonad a bhunú, ach, mar a deir Mac Donnacha, ‘bhí sé dírithe ar rudaí beaga, seachas ar an leibhéal polasaí.’ Faoi thús na 1990í bhí Peadar Ó Flatharta mar stiúrtóir ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus bhí cúlra oideachais Gaeltachta aige. D’oibrigh sé mar mhúinteoir agus le Muintearas. Ceann de na gearáin mhóra ná an easpa téacsleabhar. Shocraigh an Chomhdháil cruinniú a thabhairt le chéile faoi cheist na dtéacsleabhar in 1990 in Óstán na hAislinge i mBaile Átha Cliath. Bhí Mac Donnacha ann ar son na Comhdhála, bhí Deirbhile Nic Craith ann ar son Gaelscoileanna, bhí Tomás Ó Ráinne ann ó Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta agus bhí duine ó Chomhar na Múinteoirí Gaeilge agus cúpla duine eile ann chomh maith. Mhol Nic Craith nár cheart a bheith ag caint ar théacsleabhar amháin ach ba cheart a bheith ag trácht ar áiseanna teagaisc. Ba athrú coincheapa é sin. Dúirt Ó Ráinne ansin gur chóir go mbeidís ag smaoineamh i mbealach níos leithne fiú, go mba cheart ‘go mbeadh eagraíocht againn a dhéanann freastal ar chuile riachtanas atá ag scoil Ghaeltachta agus ag Gaelscoil... fiú amháin mura bhfuil tú ach ag iarraidh scuab a cheannacht, seachas a bheith ag glaoch ar dhuine éicint sa Roinn Oideachais i mBaile Átha Cliath i mBéarla, go bhféadfá glaoch ar dhuine in áit éicint agus déileáil leis i nGaeilge.’ Cé gur tosaíodh ar an gcaint faoi eagraíocht maidir le téacsleabhar, an aidhm a bhí ann faoi dheireadh an phlé ná eagraíocht a d’fhreastalódh ar gach saghas ruda a bhain leis an nGaelscolaíocht ar fud an stáit.¹⁶³ I ndiaidh an chruinnithe tosaíodh ar iarrachtaí ‘Aonad Acmhainní Teagaisc agus Taighde’ a bhunú agus lorgaíodh airgead ón gCrannchur Náisiúnta chuige sin.¹⁶⁴ Bhí £555,000 á lorg ag an bhForas um Oideachas trí Ghaeilge chun an t-aonad a bhunú. Seoladh plean cuimsitheach a leag amach an t-ábhar a bhí de dhíth (físeáin, póstaicir,

162 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 7, Aibreán 1989, 4.

163 Agallamh le Josie Mac Donnacha.

164 Fionnbarra Ó Brolcháin chuig Pádraig Ó Floinn TD, an 29 Deireadh Fómhair 1991.

caiséid, téacsanna i nGailge) mar aon leis na baill foirne (stiúrthóir, taighdeoirí, rúnaí) agus áitreabh a bhí ag teastáil chun an obair a dhéanamh. I Márta na bliana 1991, chuir cathaoirleach an Fhorais, Breandán Mac Cormaic, an plean faoi bhráid Aire Stáit na Gaeltachta ag an am, Pat ‘The Cope’ Ó Gallchóir.¹⁶⁵

Bheadh sé mar aidhm ag an Aonad Acmhainní agus Taighde, dá ndéanfaí maoiniú air, taighde a dhéanamh ar mhaithe leis an nGaelscolaíocht agus ábhar a chur ar fáil lena aghaidh chomh maith. Ach mar chuid dá gcuspóirí eile luadh ‘caidreamh a dhéanamh agus comhoibriú a chothú idir lucht oideachais sa Ghaeltacht agus sna scoileanna lán-Ghailge lasmuigh den Ghaeltacht.’ Luadh freisin gné idirnáisiúnta—gur chóir caidreamh bheith ann ‘le heagrais oideachais mionteangacha i dtíortha eile.’¹⁶⁶ Ba léir go raibh na daoine a bhí ag stocaireacht ar son an Aonaid—leithéidí Bhreandáin Mhic Cormaic (cathaoirleach), Uinseann Mac Thómais (rúnaí), Seán Ó Nuanáin (cisteoir), Dónall Ó Baoill, agus Fionnbarra Ó Brolcháin—ar an eolas faoi chúrsaí oideachais idirnáisiúnta, óir bhí nuachtlitir Mercator agus an Togra EMOL, grúpaí a bhain le mionteangacha san Eoraip, ina sheilbh acu.¹⁶⁷ Nuair a scríobh Mac Thómais chuig John Hume ag lorg a tacaíochta mar chomhphátrún ar imeachtaí an Fhorais i dtreo dheireadh na bliana 1991 thagair sé don chomhthéacs Eorpach. ‘Tá borradh mór ag teacht ar chúrsaí oideachais ar fud na hEorpa,’ ar sé, ‘go háirithe ar chúrsaí oideachais sna mionteangacha.’¹⁶⁸ Ag an leibhéal logánta, bhí borradh ag teacht ar an éileamh ar Ghaelcholáistí i roinnt ceantar sna 1980í malla agus sna luath-1990í chomh maith.

165 Breandán Mac Cormaic, Cathaoirleach, An Foras um Oideachas trí Ghailge chuig Pat ‘The Cope’ Ó Gallchóir TD, an 25 Márta 1991.

166 Dréacht de chuspóirí an Aonaid Acmhainní agus Taighde, an 21 Eanáir 1991.

167 Nuachtlitir an Mercator Education Network agus an EMOL Project, Nollaig 1990.

168 Uinseann Mac Thómais chuig John Hume, 5 Ardán Radharc an Chuain, Doire, an 25 Deireadh Fómhair 1991.

CAIBIDIL 9:

COLÁISTE NA COIRIBE, 1992—‘ECLECTIC MIX’ CHATHAIR NA GAILLIMHE

AITHNÍODH AN RIACHTANAS a bhí ann le haghaidh Gaelcholáiste i gCathair na Gaillimhe le roinnt mhaith blianta roimh 1992 agus cuireadh Coiste Bunaithe ar bun.¹⁶⁹ Ach céadléiríodh an mhian maidir le hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge i gCathair na Gaillimh go poiblí in 1991. Ag tús na bliana úd reáchtáladh cruinniú chun ceist na hiar-bhunscoilaíochta lán-Ghaeilge sa chathair a phlé. Ba i Scoil Iognáid a tharla an cruinniú agus bhí suas le 100 duine i láthair. Scríobh an t-údar agus gníomhaí Gaelscolaíochta Ré Ó Laighléis go raibh idir 120 agus 130 dalta ann, idir chailíní agus bhuachaillí, ag fágáil Gaelscoileanna sa chathair gach bliain gan fáil acu ar oideachas iar-bhunscoile trí mheán na Gaeilge. Bhí sruth Gaeilge i gColáiste Iognáid go fóill, ach gan ach dhá spás is tríocha ann. I ndiaidh an chruinnithe dhírigh Coiste um Meánscolaíocht lán-Ghaeilge na Gaillimhe ar cheisteanna a bhain le hionad na scoile, déantús bhord bainistíochta na scoile agus mar sin de ach, dár le hÓ Laighléis, bhí ‘réalachas na giniúna le feiceáil anois go soiléir.’¹⁷⁰ Déanadh cinneadh gur scoil ilchreidmheach faoin gcoiste gairmoideachais a bheadh ann. An chéad bhliain bhí Coláiste na Coiribe ar Ché an Chladaigh, i seanfhoirgneamh an Piscatorial School a bhunaigh na Doiminicigh le linn an Ghorta Mhóir. Sa dara bliain bhog an scoil amach go sean-bhunscoil ar Bhóthar Thuama. Thug Coláiste na Coiribe oifig reigiúnach laistigh den scoil do Ghaelscoileanna chun tacú leis an ngluaiseacht agus chun buntáiste praiticiúil a thabhairt i dtaobh duine fásta breise a bheith sa scoil. Buntáiste eile a d’éirigh as sin ná gur cothaíodh nasc níos láidre le Gaelscoileanna.¹⁷¹

Tá léargas ar leith ag an bhfear as Baile Átha Cliath, Tomás Mac Pháidín, ar fhorbairt an Ghaelcholáiste, óir bhí post aige ann ón tús, ach post sealadach ab ea é. ‘D’fhág mé post buan chun dul sa seans más maith leat,’ a deir sé. Níor tógadh le Gaeilge Mac Páidín nó níor fhreastail sé ar bhunscoil Ghaeilge, ach is de bharr a laghad Gaeilge a bhí faighte aige ag leibhéal na bunscoile gur cuireadh é go Coláiste

169 Agallamh le Tomás Mac Pháidín.

170 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 11, Earrach 1991, 1.

171 Agallamh le Tomás Mac Pháidín.

Eoin. ‘Níor thuig mé rud ar bith a bhí duine ar bith a rá ar feadh... cúpla mí b’fhéidir. D’fhéadainn a bheith curtha go Munich nó go Athens agus bheinn chomh maith céanna.’ Ina dhiaidh sin bhog sé siar chun na Gaillimhe. Rinne sé scoláireacht chun an eacnamaíocht a dhéanamh trí Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Gaeilge agus matamaitic trí Ghaeilge. Ní raibh an t-ard-dioplóma ar fáil trí Ghaeilge ag an am, ach chuaigh sé ag múinteoireacht mar mhúinteoir Gaeilge i ngnáthscoil Bhéarla i Maigh Eo roimh dó an post a ghlacadh i gColáiste na Coiribe.¹⁷²

Amhail na bunscoileanna lán-Ghaeilge ba í an chóiríocht ceann de na deacrachtaí ba mhó. Go deimhin, míníonn Mac Pháidín go raibh ‘sé thar a bheith deacair ó thaobh na cóiríochta agus an atmaisféir fhisiciúil.’ Ba theoranta na hacmhainní—roinneadh ábhar idir na ranganna agus ní raibh leithéidí seomra adhmaóireachta ann. Ba i seomra bunscoile a bhí siad ag feidhmiú. Mar gheall air seo, ‘bhí comhthéacs agus caighdeán na Gaeilge b’fhéidir níos lárnaí’ sna luathbhlianta roimh don scoil méadú de bharr go raibh ‘sé tábhachtach go raibh gach rud eile níos fearr ná 100% chun cúiteamh a dhéanamh ar na deacrachtaí agus na míbhuntáistí sin.’¹⁷³ Is cuimhin le Jacqueline Ní Fhearghusa agus í ag plé leis an nGaelcholáiste gur mó amhras a bhí ar thuismitheoirí a bpáistí a sheoladh chun na scoile de bharr na heaspa cóiríochta. ‘Bíonn siad níos cúramaí ag an darna leibhéal, ar aon nós,’ ar sí. ‘Bhí thuismitheoirí cúramach sa chéad chúpla bliain agus rinne sé deacair é dul i bhfeidhm ar an roinn ó thaobh uimhreacha de,’ dar le Ní Fhearghusa.¹⁷⁴ Anuas air sin, mar a luann Mac Pháidín:

Bhí réimse bunscoileanna lán-Ghaeilge ann. Bhí modhscoil, Gaelscoileanna agus cúpla scoil Ghaeltachta ann nach raibh rófhada ó bhaile más maith leat ag an am sin. Agus ar ndóigh tá cúpla ceann eile bunaithe ó shin i mórcheantar na Gaillimhe. Ní hé an rud céanna é daoine a chuir ag an mbunleibhéal, isteach sa scoil náisiúnta, agus ina dhiaidh sin iad a chur isteach in iar-bhunoideachas lán-Ghaeilge. Chaithfidh tú a chuimhneamh go bhfuil deich gcinn nó aon cheann déag d’iar-bhunscoileanna i gCathair na Gaillimhe agus cáil mhór orthu. Bhí réimse maith, rogha mhaith, ardchaighdeán agus ardstair ag baint leis na scoileanna sin. Bhí daoine cúramach agus bhí nósmaireacht acu fanacht go bhfeicidís cén chaoi a n-éireodh le rudaí. Ach

172 Agallamh le Tomás Mac Pháidín.

173 Agallamh.

174 Agallamh.

ar ndóigh má dhéanann go leor daoine cinneadh den chineál sin déanann sé an-deacair é sna luathbhlianta. Bhí béim ann ón dtús ar chaighdeán na Gaeilge agus ar aire a thabhairt do na scoláirí. Cé go raibh méid an-bheag scoláirí ann, bhí abhantrach an-mhór ann, bhí siad ag teacht ó chomh fada aduaidh le Tuaim, chomh fada aneas le Gort Inse Guaire ó dheas agus aniar chomh fada leis an Tuairín i gConamara. Bhí cuid acu a bhí níos mó ná 100 ciliméadar óna chéile, na scoláirí.

Ach cé go raibh abhantrach mhór ann bhí pobal dlúth thart ar an scoil agus ilchineálacht ag baint leo:

Bhí réimse maith éagsúlachta ann sa mhéid is go raibh an dream a bhí ann mar go raibh an-suim acu ó thaobh cúrsaí Gaeilge, bhí dream eile ann go raibh an-suim acu i dtogra nua scoile, go mbeadh deis ann rud éicint difriúil agus nua [a thógáil], daoine go raibh suim acu sna healaíona, daoine a raibh suim acu i gcúrsaí ceoil, daoine a bhí ag iarraidh scoil ilchreidmheach áit nach raibh mórán de rogha ach scoileanna a bhain leis na pátrúin deoise, na reiligiúin agus na boird éagsúla. Agus freisin bhí riar mór daoine ann go raibh dúshlán ar leith acu, b'fhéidir daoine gur thaitin ar chúis amháin nó cúis eile a bheith i gcomhthéacs an-bheag, roinnt daoine le riachtanais speisialta agus roinnt daoine a raibh taithí acu i gcomhthéacs difriúil nár thaitin leo agus go raibh sé seo mar thús nua dóibh... Bhí an daonra beag, ach laistigh den daonra bhí an-ionadaíocht ar gach a bhfuil le fáil sa tsocai. Rud atá go maith.

Tagraíonn Mac Pháidín don choiste deonach agus an t-éiteas agus mianta a bhí acu. Deir sé cé go raibh cúrsaí riaracháin le tabhairt san áireamh níor cuireadh ar ceal na riachtanais sin—cloíodh leo. Ba dúshlán a bhí ann an *'eclectic mix'* ar an gcoiste a láimhseáil in uaireanta. 'Bhí tuairimíocht an-láidir faoi rudaí éagsúla ag cuid díobh sin,' arsa Mac Pháidín, 'sin an fáth gur roghnaigh siad rud pólótach más maith leat. Bhí daoine a chonaic é mar an chéad scoil nach raibh faoi scáth na hEaglaise ar aon bhealach, bhí daoine eile ann a chonaic é mar an seans chun scoil nua "traidisiúnta" Caitliceach [a bhunú], a bheadh Gaelach agus Caitliceach. Tháinig an éagsúlacht tuairimíochta sin an-an-láidir laistigh den scoil agus ag bord bainistíochta.' Míníonn sé nach raibh an plé faoi thopaicí sóisialta, ó thaobh cur chuige oideachais agus sóisialta, éasca de bharr an mheascáin seo. Bhí orthu meabhrú dóibh féin go raibh misean ann agus, mar a luann Mac Pháidín, 'go bhféadfadh clann an-leathan go polaitiúil, go fealsúnach, ó thaobh cúrsaí creidimh agus reiligiúin, agus socheolaíochta a bheith ann, ach gurb é an comhcheangal ann ná an teanga Ghaeilge agus an tumoideachas trí Ghaeilge

agus gurb é sin an nasc agus nach raibh aon úinéireacht aonair ag aon fhaicsean nó duine ar an rud.’

Ainneoin na ndifríochtaí i leith nithe áirithe ar an gcoiste bunaithe ba scoil idir-chreidmheach é Coláiste na Coiribe ón tús. Scoil a bhí ann don phobal, maoinithe ag na cáiníocóirí, oscailte do chách agus fáil-teach do chách, mar a dúirt Mac Pháidín, agus é ag cur síos ar chomhdhéanamh an bhoird bainistíochta a d’eascair ón gcoiste bunaithe:

Ar an mbord bainistíochta san earnáil gairmoideachais mar a bhí, nó ETB anois, bhí comhairleoirí cathrach agus contae, bhí daoine ón VEC, comhairleoirí cathrach ina measc, daoine a bhí mór sa saol sóisialta, sa saol cultúrtha sa gcathair. Ach in éindí leo sin bhí ionadaithe ó na bunscoileanna lán-Ghaeilge, na gnáthrudáí, tuismitheoirí, baill foirne is a leithéid agus freisin daoine a raibh ceangal isteach acu leis an Údarás agus Roinn na Gaeltachta... bhíomar ar bhealach an-ghníomhach agus snaidhmthe isteach go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil le saol na Gaeilge chun tacaíocht na ndaoine agus na n-eagras sin a fháil, ach chun feasacht a chothú go raibh an scoil ann agus go raibh sí le méadú agus le freastal ar an bpobal ar an mbealach is leithne go bhféadfaí sin a dhéanamh.¹⁷⁵

Agus é ag breathnú siar ar fhorbairt Choláiste na Coiribe, deir Mac Pháidín go raibh:

tús suas síos, nó síos níos mó ná thuas, sna luathbhlianta. Thosnaigh an scoil le deichniúr agus bhí an grúpa sin ar fheabhas agus d’éirigh go maith leo. Tá cuid acu sin ag feidhmiú i saol na Gaeilge iad féin anois... ach tar éis cúig bliana nuair a bhí an cúigiú cohórt tagtha isteach ní raibh ach ceithre dhuine is caoga nó dhá dhuine is caoga sa scoil iomlán agus dár ndóigh ní raibh aon ardteist tar éis dul amach an taobh eile ag an bpointe sin. Agus is aitheantas sealadach a bhí ann agus go deimhin bhí níos mó ná bagairt—bhí cinneadh—nó bhí an roinn ag dul i dtreo cinneadh chun an t-aitheantas sealadach sin a tharraingt siar agus (bheadh) cead ag an méid a bhí istigh críochnú ach gan aon dream eile a thabhairt isteach. B’in Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 1996. Ag an am sin ghlac mé an post mar phríomhoide ann... agus bhí cúpla bliain dian againn chun na huimhreacha a thabhairt thar 100 agus ar ndóigh tá breis agus 600 anois ann.¹⁷⁶

175 Agallamh.

176 Agallamh.

CAIBIDIL 10:

BUNÚ NÓ BUANÚ? 1992

MÁ Fhillimid in athuair ar an méid a bhí ag titim amach i gceann-cheathrú Gaelscoileanna, tháinig deireadh le tréimhse Dheirbhile Nic Craith mar fheidhmeannach na heagraíochta in 1992 tar éis ceithre bliana sa ról. Mar a scríobh Dónall Ó Baoill fúithi in *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* ‘choinnigh sí an comhchoiste idir muid agus an roinn ag dul lom ar an ghaoth i gcónaí agus ba dheise ár mbuille dá réir.’¹⁷⁷ Tháinig Jacqueline Ní Fhearghusa i gcomharba uirthi. B’as Luimneach do Ní Fhearghusa, bhí a tuismitheoirí báuil leis an nGaeilge agus cé go ndeachaigh sí go bunscoil Bhéarla chuaigh sí ar aghaidh go Cnoc na Labhrás, an Coláiste mar a thugtar air anois, meánscoil do chailíní a d’fheidhmigh trí mheán na Gaeilge i gCathair Luimnigh. Míníonn Ní Fhearghusa mar a tháinig sí chun obair ar son na Gaeilge:

is dócha an bealach ar tháinig mé isteach ar thuiscint gur theastaigh uaim a bheith ag obair in earnáil na Gaeilge ná, bhí múinteoir Gaeilge de mo chuid nuair a bhí mé thart ar shé bliana déag ag caint faoi eispéireas a bhí aici mar pháiste nach raibh aon Bhéarla aici go dtí go raibh sí sa bhunscoil ag aois thart ar a cúig—duine as... Ceann Trá i gCiarraí [ab ea í]. Bhí sí ag labhairt linn agus ag insint dúinn nach raibh aon Bhéarla aici agus is dócha den chéad uair cheap mé gur teanga bheo a bhí i gceist leis an nGaeilge agus go raibh daoine amuigh ansin a bhí á labhairt ar bhonn laethúil agus ina saol pearsanta. Is dócha gur dhein mé cinneadh ar an lá sin go raibh fonn orm staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge i gceart agus dá mbeadh páistí agam go dtógfainn le Gaeilge iad.

Ina dhiaidh sin, chuaigh sí ar aghaidh go hOllscoil na hÉireann Gaillimh ar scoláireacht agus rinne sí Gaeilge agus Fraincis. Chuaigh sí go Londain ansin, agus nuair a d’fhill sí ar Éirinn rinne sí MA sa Ghaeilge. Chuir sí isteach ar phost i nGlór na nGael ag an am céanna agus lean sí den MA. Agus an méid sin déanta aici chuir sí isteach ar phost le Gaelscoileanna, áit ar chaith sí deich mbliana idir 1992 agus 2002. Rianaíonn sí na deacrachtaí a bhain lena bheith i ról an Feidhmeannaigh sna blianta luatha:

Bhí roinnt scoileanna nua á mbunú go cinnte. Ach bhí rudaí deacair go leor. Ní raibh mórán de stádas ag an eagraíocht. Ní raibh na páirtnéirí oideachais aitheanta mar pháirtnéirí oideachais. Cinnte bhí an roinn ag plé leis na ceardchumainn agus na heaglaisí éagsúla ach níl a fhios agam an raibh na páirt-

177 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 13, Earrach 1992.

néirí oideachais chomh leagtha amach is atá siad anois, go n-aithnítear go bhfuil Gaeloideachas ag caint thar (ceann) na scoileanna lán-Ghaeilge agus go bhfuil Educate Together agus mar sin de... Cé go raibh roinnt buntáistí ar fáil do Ghaelscoileanna. Bhí (íocaíocht) caipitíochta níos airde acu agus bhí coibhneas daltaí/múinteoirí níos buntáistiúla acu, agus bhí cúpla rud eile a bhain le foirgint a thógaint agus mar sin de. Bhí sé deacair na foirgintí sin a fháil ag an am agus bhí go leor scoileanna á mbunú in áiteanna dochreidte i ndáiríre. Bhí ceann i gCorcaigh bunaithe os cionn siopa búistéara agus ceann eile os cionn ionad siopadóireachta agus bhí sé ansin ar feadh os cionn fiche bliain sílim. Bunaíodh iad i seomraí feistis i gclubanna Cumann Lúthchleas Gael, clubanna rugbaí, saghas seansiopaí a bhí folamh. Ag an tús nuair a tháinig mise isteach dáiríre bhí na foirgnimh in an-drochstaid.

Ceist eile a bhí á hionramháil an tráth sin ag Gaelscoileanna ná ar chóir an gréasán scoileanna a bhí ann cheana a bhuanú, nó cinn nua a thógáil agus an gréasán a leathnú. Bhí pointí maithe ar dhá thaobh na díospóireachta, ach bhraith Ní Fhearghusa agus daoine eile san eagraíocht ag an am ‘go raibh gá mais chriticiúil a bhaint amach ó thaobh líon na bpáistí a bhí ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge ionas go n-éisteodh an Roinn Oideachais linn agus go gcuirfí seirbhísí cearta tacaíochta ar fáil dóibh.’ Luann sí go raibh sí ag trácht ar ‘10% a bhaint amach. Sílim go bhfuilimid suas go 8% anois, ach ag an am bhí (céata-dán) an-bheag... taobh amuigh den Ghaeltacht cinnte bhí sé thíos ag 1% nó 2%’ (agallamh). Anuas air sin, de réir mar a mhéadaigh líon na ndaltaí sna Gaelscoileanna aonarach, tháinig tuilleadh deacrachtaí cóiríochta chun cinn. In alt a scríobh Domhnall Ó Loingsigh in 1992 faoin teideal *Cóiríocht: an Ghéarchéim Nua*, míníodh gur éirigh cúrsaí cóiríochta níos measa de réir mar a tháinig fás agus forbairt ar Ghaelscoileanna. Bhí fadhb leis na foirgnimh réamhdhéanta i gcónaí chomh maith. Rud eile a luadh ná na deacrachtaí a bhain le háitreabh ar cíós. ‘Cé go bhfuil socrú ann go n-íocfaidh an Roinn idir 70% agus 80% den chíos ar chóiríocht shealadach ar ais leis an mbord bainistíochta,’ a scríobh Ó Loingsigh, ‘níl an nós imeachta ag feidhmiú mar is ceart.’ Bhí ar an mbord an cíos ar fad a íoc ‘sara ndéantar aisíoc ar bith leo’ rud a chur an-bhrú airgeadais orthu.¹⁷⁸

Ar ámharaí an tsaoil, rinneadh dul chun cinn i dtaobh na n-áiseanna a bhí ar fáil chun cabhrú le bunú agus buanú Gaelscoileanna nua an tráth seo. Tháinig rath ar obair an chomhchoiste ar an treo-

178 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 14, Geimhreadh 1992, 1.

irleabhar nuair a seoladh é ag ócáid in Áras Bhord na Gaeilge, ag a raibh an Tánaiste Seán P. Mac Uilliam i láthair, ar an 25 Meitheamh 1992. Míníodh i bpreasráiteas Gaelscoileanna gurb 'áis chuimsitheach rí-thábhachtach é an treoirleabhar seo... toisc rialacha uile na Roinne Oideachais i leith na bunscolaíochta a bheith istigh ann.'¹⁷⁹

In áiteanna eile, bhí scoil nó dhó náisiúnta a bhí ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla meáite ar iompú ina nGaelscoileanna. B'in a tharla i dTromaire, Contae Laoise, i gcás eisceachtúil. Ba ar dhúshraith láidir a tógadh an cinneadh triail a bhaint as an iompú. Bhí traidisiún Gaeilge agus 'sprid Chonradh na Gaeilge agus sprid Shinn Féin' go láidir i mbeirt mhúinteoirí a d'oibrigh sa scoil ag tús an fhichiú haois, Bean Uí Dhíomasaigh agus Bean Uí Mhaoldomhnaigh. Nuair a bunaíodh an stát, chuaigh an bheirt mhúinteoirí ar chúrsaí Gaeltachta agus múineadh an Ghaeilge 'go díograiseach is go dúthrachtach' sa scoil ón am sin amach. Ceapadh Liam S. Ó Néill mar mhúinteoir in 1941 agus 'ní ró-fhada go dtí gurbh í an Ghaeilge an meán cumarsáide sa scoil, sa chlós, sa ghairdín scoile, fiú ar an mbóthair abhaile ón scoil is chun na scoile.' D'éirigh Ó Néill as in 1981 'is choinnigh a mhac, Liam, an sprid chéanna ar siúl go láidir sa scoil go dtí an lá atá inniu ann.' Ach ba in 1992 'a cuireadh tús leis an bhfeachtas... chun an scoil a thiontú diaidh ar ndiaidh go scoil lán-Ghaelach.' Thacaigh na tuismitheoirí agus an bord bainistíochta leis an bplean agus tosaíodh ar na páistí a tháinig isteach i rang an naionán in 1992 a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Bhí an chuid eile den scoil 'ag feidhmiú mar a bhí riamh i.e. an Ghaeilge mar mheán cumarsáide sa seomra, sa chlós, i bpáirc na himeartha srl.'¹⁸⁰

Bhí ceist an mhaoinithe don eagraíocht Gaelscoileanna fós gan réiteach, áfach. Agus bhí an easpa teacht isteach ag cur bac ar fhorbairt na heagraíochta. Sheol Uachtarán Gaelscoileanna, Dónall Ó Baoill, litir chuig Uinseann Mac Thómais a bhí i bhfeighil an Fhorais um Oideachais trí Ghaeilge in Aibreáin na bliana 1992 ag lorg iasacht £7,000. Mhínigh Ó Baoill go raibh 'géarchéim airgid ag Gaelscoileanna mar eagraíocht faoi láthair de bharr an ghearradh siar ar ár ndeontas bliantúil

179 Preasráiteas Gaelscoileanna, gan dáta, c.1992.

180 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 15, Samhradh 1993, 5.

ó Bhord na Gaeilge.¹⁸¹ Ní fheadar ar bhfuair Ó Baoill an iasacht, mar is mór an méid a bhí i gceist ag tabhairt san áireamh nach raibh ach £6,000 i gcuntas an Fhorais i nDeireadh Fómhair 1991.¹⁸² Is cosúil gur tugadh an iasacht dó, cé gur míníodh i miontuairiscí de chuid an Fhorais ar ball gur aontaigh an coiste agus Ó Baoill ‘nach bhféadfadh Gaelscoileanna a bheith ag brath an iomarca ar an bhForas.’¹⁸³

De bharr na ndeacrachtaí seo, bhí ar Ghaelscoileanna agus an bhForas um Oideachas trí Ghaeilge seifteanna agus tograí a chumadh a bhí neamhghnách ar mhórán bealaí. Sampla de seo ná nuair a beartaíodh ag tús na 1990í feachtas maoinithe dar dteideal ‘Kayak an Airgid’ a chur ar bun. Bheartaigh iascaire Meiriceánach le Gaeilge as New Jersey, darbh ainm Greg Ó Braonáin, turas aonair cadhc a dhéanamh timpeall ar chósta na hÉireann chun airgead a thiomsú ar mhaithe leis an nGaelscolaíocht.¹⁸⁴ De réir miontuairiscí a glacadh ag cruinniú de chuid an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge ag tús 1992 bhí Ó Braonáin ‘sásta ráiteas dlíodóra... a chur ar fáil ionas nach mbeidh freagracht a bheatha ar an bhForas féin.’¹⁸⁵ D’eagraigh dlíodóirí Lavelle Coleman i mBaile Átha Cliath slánaíocht ó chúiseamh dlí don Foras ar iarratas Uí Bhraonáin.¹⁸⁶ Bhí Ó Braonáin ar íocaíocht leasa shóisialaigh ag an am agus é ag cur faoi i nGaillimh. Sheol sé litir chuig an oifig leasa shóisialaigh sa chathair ag míniú dóibh go mbeadh sé ‘ag obair go deonach go ceann roinnt seachtainí’ agus nach mbeadh sé ‘ag bailiú an *dole* arís go ceann tamaill.’¹⁸⁷ Rinne an Foras poiblíocht forleathan ar fud an stáit trí dhul i dteagmháil le stáisiúin raidió, pearsaí teilifíse agus teagmhálacha éagsúla ar fud na hÉireann sna bailte cósta ina mbeadh

181 Dónall Ó Baoill, Uachtarán Gaelscoileanna, chuig Uinseann Mac Thomais, Cathaoirleach An Fhorais um Oideachais trí Ghaeilge, an 27 Aibreán 1992.

182 Iarmhéid bainc an Fhorais Um Oideachais trí Ghaeilge, Banc na hÉireann, Faiche Stiabhna, BÁC 2, Deireadh Fómhair 1991.

183 Miontuairiscí an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 13 Meitheamh 1992.

184 Bileog urraíochta ‘Kayak an Airgid,’ 1992.

185 Miontuairiscí cruinnithe de chuid an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 18 Eanáir 1992.

186 David Coleman, Lavelle Coleman Solicitors, chuig Greg Ó Braonáin, an 31 Márta 1992.

187 Greg Ó Braonáin, Bealach na Trá, An Rinn Mhór, Gaillimh chuig Oifig Leasa Shóisialaigh Chathair na Gaillimhe, an 22 Aibreán 1992.

Ó Braonáin ag stopadh.¹⁸⁸ Bhí sé ar intinn ag Ó Braonáin agus an bh-Foras urraíocht a lorg ó chomhlachtaí móra a bhí bunaithe in Éirinn, amhail an Smurfit Jefferson Group, CRH, Fyffes, agus Kerry Group.¹⁸⁹ Is cosúil go raibh borradh beag faoi chúrsaí Gaeilge ar chósta oirthearach na Stát Aontaithe ag tús na 1990í. Bhí cláracha raidió á gcaobhscaoileadh i nGaeilge go seachtainiúil i gcathracha amhail Nua-Eabhrac, Bostún, Chicago agus i stát New Jersey. Reáchtáladh ranganna Gaeilge ar bhonn rialta sna ceantair chéanna. Bhídís eagraithe ag craobhacha de chuid Chonradh na Gaeilge uaireanta. Uaireanta eile bhídís á reáchtáil i hallaí de chuid Ord Ársa na nIbeirneach, nó bhídís ceangailte leis na hollscoileanna amhail Ollscoil Nua-Eabhrac nó Ollscoil Villanova in Pennsylvania. Bhí féilire imeachtaí ann freisin, ina áiríodh ceardlanna teanga, ranganna, agus Aifrinn as Ghaeilge. Seoladh iris rialta, *An Teanga Mharthanach* chuig Gaeil Mheiriceá. Is ann a rinne Ó Braonáin iarracht urraíocht a fháil dá thuras in earrach na bliana 1992:

As a person or organization with an interest in Irish culture, or as a responsible corporation with a vested interest in the community you serve, this is your fight too!... I plan to circumnavigate Ireland in a kayak in the spring and summer of 1992 to draw attention to the Irish language cause and to raise money for Gaelscoileanna. I am giving a year of my life to this endeavour and putting my strength, skills, seamanship, and yes, even my life, on the line. If you can contribute some of your resources to this most worthy cause we can make a real difference!¹⁹⁰

D'fhág Ó Braonáin ina chadhc ó Chéibh an tSrutháin ar an gCeathrú Rua ar an 20 Aibreán 1992. Tugadh cuireadh do slua bheith i láthair agus míníodh dóibh go 'seasfar deoch don chomhlúadar leis an ócáid a cheiliúradh in Óstán an Dóilín.'¹⁹¹ Mar a scríobh an t-iriseoir Harry McGee sa *Connacht Tribune*, 'Greg, in fact, grew up in the next parish out from Carraroe. However, that parish happens to be called New Jersey, and is located some 3,000 odd miles or so from the shores of Cois Fharráige' (an 20 Márta 1992). Chun airgead a thiomsú iarradh ar na Gaelscoileanna glacadh le cártaí bándearga, a mbeadh 80% den airgead a bailíodh ar gach cárta ag dul don scoil, agus cártaí buí, a mbeadh iomlán an bhrabúis ag dul ar ais i dtreo an Fhorais. Iarradh, chomh maith, go mbeadh na páistí

188 Cáipéisí fánacha gan dáta agus facs ó Ghaelscoileanna chuig Uinseann Mac Thomáis, an 10 Aibreán 1992.

189 Cáipéisí fhánach *Aspect Top 1000 Companies*, 1991.

190 *An Teanga Mharthanach*, An tEarrach 1990, *passim* agus uimh. 7, 1992, 2.

191 Cuireadh 'Kayak an Airgid,' gan dáta, c. Aibreán 1992.

rannpháirteach san fheachtas trí ‘shúil a choinneáil ar a dhul chun cinn, trí thuairiscí, raidió teilifíse agus nuachtáin a thuairisciú go laethúil sa scoil.’¹⁹² Tháinig Ó Braonáin i dtír arís ag Céibh an tSrutháin i mí Iúil 1992 agus beagnach ochtó lá caite aige ar a thuras.¹⁹³ Bhí ionadaithe ó Choiste Riartha Gaelscoileanna, Coiste an Fhorais, Gaelscoileanna Chathair na Gaillimhe, agus roinnt de mhuintir Chois Fharraige ann chun fáilte a chur roimhe in Óstán an Dóilín arís ar a raibh Seosamh (Josie) Ó Loideáin mar bhainisteoir ag an am.¹⁹⁴ Thug Coiste an Fhorais £1,000 do Ó Braonáin ‘mar chomhartha buíochais dó as an obair go léir atá déanta aige.’¹⁹⁵ Níor bailíodh go leor de na cártaí go dtí fómar na bliana 1992—scríobh Mac Thómais chuig na Gaelscoileanna uilig a ghlac cárta ag iarraidh orthu ‘measúnú ceart’ a dhéanamh ‘ar fhiúntas airgid an tionscnaimh.’¹⁹⁶

Ceann de na rudaí ba shuntasáí an tráth seo ná gur cuireadh tús leis an bplé, agus Deirbhíle Nic Craith fós i bhfeighil, ar phátrúnacht neamhspleách a bhunú do na Gaelscoileanna. Bhí caidreamh maith ag Nic Craith leis an deoise i mBaile Átha Cliath agus bhíodh sí ag déileáil le hoifig na deoise maidir le heagrú na sacraimintí uaireanta, chomh maith lena chinntiú gur chuir na paróistí agus an deoise an t-airgead céanna caipitíochta ar fáil do na Gaelscoileanna. Mar sin féin, d’aithin Gaelscoileanna gur bhain go leor de na fadhbanna acu le cúrsaí deoise, go háirithe an painéal. Tháinig an moladh faoi phátrúnacht nár bhain leis an Eaglais chun cinn sa chomhthéacs sin, ach ‘bhí an-chuid cur ina choinne. Mar a bhíonn le han-chuid rudaí i gcúrsaí oideachais nuair is rud úrnua é, mar bíonn eagla ar dhaoine roimh rud úrnua. Tá tuiscint acu ar an gcóras atá ann—sin a thuigeann siad agus feidhmíonn siad leis—agus nuair a thagann rud úrnua chun cinn ar bhealach bíonn

192 Ciorclán ón bhForas um Oideachas trí Ghaeilge chuig na Gaelscoileanna, an 13 Aibreán 1992.

193 Unseann Mac Thómais chuig Mícheál Ó Foighil, Coláiste Lurgan, an 6 Iúil 1992, páipéir phríobháideacha Unseann Mac Thómais.

194 Unseann Mac Thómais chuig Jaqueline Ní Fhearghusa, an 25 Meitheamh 1992.

195 Miontuairiscí an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 13 Meitheamh 1992.

196 Unseann Mac Thómais chuig Jacqueline Ní Fhearghusa, an 20 Lúnasa 1992.

amhras ar dhaoine faoi rud úrnua go dtí go mbíonn taithí acu air.¹⁹⁷ Bheadh gá le sampla coincréiteach de Ghaelscoil a bhí neamhspleách ó smacht na hEaglaise teacht ar an bhfód sula bhféadfaí smaoineamh ar Fhoras Pátrúnachta do na Gaelscoileanna a bhunú. Ar an dea-uair, bunaíodh Gaelscoil an Ghoirt Álainn in 1993.

Advanced Review Copy

197 Agallamh le Deirbhile Nic Craith.

CAIBIDIL 11:

GAELSCOIL AN GHOIRT ÁLAINN, 1993— 'THE GODLESS GAELSCOIL'

BHÍ EOIN Ó LAOIRE agus a bhean ar chuid de na daoine a chuir an lasair sa bharrach do bhunú Ghaelscoil an Ghoirt Álainn idir 1991 agus 1993. Rugadh Ó Laoire i dTiobraid Árann ach chuaigh sé ar scoil i gceantar nach raibh an Ghaeilge i bhfad imithe uaidh. Bhí fear ó Chonamara mar mhúinteoir bunscóile aige. Cé nach raibh aon Ghaeilge ag a sheanmháthair, ní raibh aon Bhéarla ag a máthair siúd. 'Do bhíodh an scéal sin sa tig agus mé ag fás aníos,' ar sé. Agus b'as iarthar Chiarraí, Sliabh Luachra, dá athair 'so bhí Gaoluinn thart orainn an t-am ar fad, cé nach an phríomhtheanga a bhí ann... bhí sé ann.' Chaith Ó Laoire seal ag múinteoireacht ach d'éirigh sé as i lár na 1980í chun bheith ina fhear gnó. Ba mhúinteoir a bhean chéile i gColáiste Íde sa Daingean agus i gColáiste an Phiarsaigh i gCorcaigh. Thosaigh an feachtas i mí Mheán Fómhair agus Deireadh Fómhair na bliana 1992. D'fheidhmigh an dream bunaithe de réir theimpléad Gaelscoileanna a deir Ó Laoire. Scaipeadh bileoga agus gaireadh cruinnithe ar bhonn seachtainiúil.¹⁹⁸ Bhí dúshraith leagtha ag Pádraig Ó Maoláin, oibrí óg le Gael Taca, agus Pádraig Ó Cuanacháin an bhliain roimhe sin. Mar a mhíníonn Ó Maoláin:

Thosnaíos ag dul ó dhoras go doras sa Ghort Álainn ag earcú daltaí don scoil nua sa bhliain 1991. Bhí roinnt de na heastáit tithíochta meánaicmeach go maith agus bhí roinnt eile fíorbhocht go deo. Níorbh fhiú dom tosú ag cnagadh ar dhoirse sna heastáit sin go dtí tar éis a haon déag ar maidin mar ní raibh aon duine ina shuí roimh an am sin. Ní raibh mórán dóchais ag daoine san am sin agus ní raibh tionchar an Tíogair Cheiltigh le brath fós san heastáit sin. Tar éis cúpla seachtain ag stocaireacht, shocraíomar ar chruinniú eolais a bheith againn sa halla pobail áitiúil. Mé féin agus Pádraig Ó Cuanacháin a bhí ag barr an halla ach ní raibh ach tuismitheoir amháin i láthair. Bhí díomá orm tar éis seachtainí a chaitheamh ag dul ó dhoras go doras ach ní raibh lagmhisneach orm. Bhí fhios agam gur mar sin go minic a thosaigh Gaelscoileanna eile. Cúpla lá ina dhiaidh sin, fuairas glaoch ó Eoin Ó Laoire, tuismitheoir a chuala go raibheas ag dul ó dhoras go doras ag caint faoi Ghaelscoileanna. Bhí Gaeilge ag Eoin agus bhí suim aige sa Ghaelscolaíocht dá pháistí. Bhuaileas leis agus bheartaíomar ar iarracht eile ar chruinniú eile a eagrú. Scaipeamar roinnt mílte bileog tríd an bpost ar gach tigh sa Ghort Álainn agus chuamar go dtí aon áit go raibh fhios

198 Agallamh.

againn go raibh tuismitheoirí agus páistí ie. naíonraí, an leabharlann, grúpaí do mháthaireacha srl.¹⁹⁹

Tháinig luas faoin bhfeachtas ina dhiaidh sin agus eagraíodh an tarna cruinniú poiblí agus rath níos fearr air.²⁰⁰ Ba i dteach tábhairne áitiúil gach Déardaoin ar a 7 i.n. a thit na cruinnithe coiste amach agus mhair siad ar feadh seacht nó ocht mí. Maidir leis na daoine a bhí i láthair, arsa Ó Laoire, ‘bhí suim ag cuid acu mar gur Ghaoluinn a bhí ann, suim ag cuid acu mar gur [scoil] ilchreidmheach a bhí ann, suim ag cuid eile mar gur scoil áitiúil nua a bhí ann.’ Bhí bearna ann i dtaobh an chomhoideachais sa cheantar, chomh maith, a deir Ó Laoire. Thuig an dream bunaithe gurb é ceann de na príomhspríocanna a bhí ann ná brú a chur ar an roinn agus na huimhreacha a fháil. D’éirigh leo tríocha páiste a chlárú. Bhuail siad leis an roinn ag an am agus ní cuimhin leis ainm an fhir a dúirt leis ‘*you can have any kind of school you want as long as there’s a man in a frock in charge of it*,’ b’in a dúirt.²⁰¹ Tugann Ó Laoire creidiúint do Ghaelscoileanna as cúnamh a thabhairt, ach tagraíonn sé do cheannródaíocht an togra:

Thosnaíomar feachtas beag le cabhair ó Jacqueline Ní Fhearghusa i nGaelscoileanna. Bhí sé suimiúil, nuair a dhéanamar teagmháil le Gaelscoileanna bhí siad an-sásta cabhrú linn, ach bhí saghas comhartha ceiste ann “cén fáth nach raibh scoil Chaitliceach á bunú?,” agus nuair a bhuailamar le Educate Together bhíodar saghas amhrasach; “conas gur féidir libh a bheith il-chreidmheach agus ag labhairt na Gaeilge?” [GÁIRE.]

Mar a tharlaíonn sé, bhí leithéidí Jacqueline Ní Fhearghusa ag súil go dtiocfadh tuismitheoirí chun cinn agus caint ann i measc gníomhairí Gaelscoileanna faoi bhunú Fhoras Pátrúnachta:

Ní hé nach raibh státseirbhísigh na roinne báúil [le coincheap forais pátrúnachta neamhspleách] ach bhraitheadar nach nglacfadh an Eaglais Chaitliceach leis ag an am. An rud a dúradh linn ná dá bhféadfaí b’fhéidir scoil ilchreidmheach a bhunú taobh amuigh den Eaglais Chaitliceach mar an chéad scoil go mb’fhéidir go n-éireodh linn. Bhíomar ag fanacht ar ghrúpa tuismitheoirí teacht le chéile a ndéireadh go mbeadh scoil ilchreidmheach ag teastáil uathu agus sin a tharla le Gaelscoil an Ghort Álainn i gCorcaigh.²⁰²

Fuair siad a nguí nuair a thosaigh dream an Ghoirt Álainn ag

199 Nótaí Phádraig Uí Mhaoláin, an 13 Aibreáin 2023.

200 *Ibid.*

201 Agallamh le Eoin Ó Laoire.

202 Agallamh le Jacqueline Ní Fhearghusa.

gníomhú, ach ag leibhéal an stáit bhí dúshlán eile le sárú chun go mbunófaí an Foras Pátrúnachta. Bhí an feachtas deacair ar feadh cúpla bliain, mar a mhíníonn Breandán Mac Cormaic:

Bhí freasúra fíochmhar ó na múinteoirí. Is cuimhin liomsa labhairt ag cruinniú i gCluain Dolcáin agus bhí tú in ann an fuath ó na múinteoirí a mhothú. Agus bhí cruinniú i dTamlacht freisin. Chuireamar daoine ar an gcoiste [riartha] timpeall chun an cás a dhéanamh. Cuid acu níor chreid siad iad féin—níor thuig siad cén fáth go raibh muid ag iarraidh é seo a dhéanamh. Is cuimhin liom duine amháin a bhí ar an gcoiste—agus rinne sí an jab—ach ní raibh an croí ann.

Botún ollmhór a bhí ann, dar le Mac Cormaic, ná iarraidh a chur ina luí ar na scoileanna a bhí faoin bpátrún a thabhairt isteach ar dtús—ach bhí buairt ar na múinteoirí go mbeidís ag athrú fostóra agus go mbeadh athrú ar na coinníollacha fostaíochta—‘ach bhí an damáiste déanta.’ ‘Tháinig an freasúra sin ó na múinteoirí féin, gan ugach ar bith ón INTO,’ a mhaíonn Mac Cormaic.²⁰³ Ar ámharaí an tsaol, is cuimhin le Mac Cormaic gur:

tháinig Jacqueline [Ní Fhearghusa] isteach agus chur sí gloach orm lá amháin agus dúirt sí “tá dream thuas i gCorcaigh agus tá siad ag iarraidh scoil ilchreidmheach a bhunú.” Is cosúil go raibh oifig an easpaig i gCorcaigh tar éis diúltú a bheith mar phátrún. Ceapaim go raibh siad sásta ar dtús báire go mbeadh an scoil Caitliceach. Agus ansin chuaigh muidne suas agus dúirt siad go mbeadh siad sásta go mbeadh córas pátrúnachta ann. An rud a d’fhoghlaim mise as sin, agus ceapaim gur rud a bhaineann leis an tír seo, ná go bhfuil sé an-deacair rudaí a phlé go teoiriciúil. Caithfidh tú cás coinceiteach a fháil. Agus nuair a fhaigheann tú cás coinceiteach tá tú i suíomh i bhfad níos láidre.²⁰⁴

Mar a mhíníonn Ó Laoire, ‘bhuaileas le Breandán Mac Cormaic agus bhí seisean ag rá liom go rabhadar ag smaoineamh ar chóras nua pátrúnachta a bhunú ach nach raibh aon scoil acu chun é a bhunú léi. Bheartaíomar dul le Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge agus tharla gurb é seo an chéad scoil a bhí faoi chúram an fhorais.’ Bunaíodh Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge agus d’oscail siad an scoil, ach ‘dúirt an roinn nach raibh cead againn an scoil a oscailt. D’osclaíomar an scoil gan chead, mí Meán Fhómair 1993 [le hochtar páistí]. Am éigin i nDeireadh Fómhair nó mí na Samhna,

203 Agallamh le Breandán Mac Cormaic.

204 Agallamh le Breandán Mac Cormaic.

thugadar cead dúinn, *retrospectively* an scoil a oscailt cé go raibh sé ar oscailt cheana féin,’ deir Ó Laoire gur náiríodh an roinn go dtí gur tugadh tacaíocht i ndiaidh feachtais sna meáin. Ba í Niamh Bhreathnach an tAire Oideachais ag an am agus, ar sé, ‘chun an fhírinne a rá, níor thug sí aon chabhair dúinn.’ An t-aon pholaiteoir a chabhraigh leo, deir ó Laoire, ná Maureen Quill, a bhí i bhFianna Fáil an tráth sin, roimh di ballraíocht a ghlacadh leis na bPáirtí Daonlathach ar ball—chabhraigh Quill le cúrsaí pleanála agus suímh.²⁰⁵ Chabhraigh Gael Taca leis an scoil chomh maith. Bhí an eagraíocht ‘an-chabhrach ar fad.’ Luann sé Pádraig Ó Cuanacháin agus fear eile Tadhg Ó Dubhgháin mar dhaoine a thug cabhair don fheachtas.²⁰⁶ Cuireann Pádraig Ó Maoláin, duine eile a bhí i nGael Taca agus bainteach leis an bhfeachtas, síos ar éifeacht an Chuanacháinigh:

Bhí sé mar *modus operandi* aige coiste beag tuismitheoirí a thabhairt le chéile i gceantar, an Ghaelscoil a fhógairt agus iarratas a sheoladh isteach go dtí an Roinn Oideachais i gcóir aitheantais oifigiúil don scoil nua. An critéar a bhí ag an roinn san am sin, más buan mo chuimhne, ná ceithre dhalta is fiche ceithre nó cúig bliana d’aois, nach raibh ar scoil cheana féin. Má bhí an méid sin agat, ba dheacair don roinn gan aitheantas a thabhairt don scoil nua. D’éirigh le Pádraig Ó Cuanacháin Gaelscoileanna a bhunú sa tslí seo i mBaile an Chollaigh, an Dúbhghlas, Machan, Baile an Easpaig, Cóbh agus áiteanna eile.²⁰⁷

Thug Paidí Ó Lionáird, a bhí ina oifigeach réigiúnach le Gaelscoileanna ag an am, cabhair chomh maith le bunú Ghaelscoil an Ghoirt Álainn. Leis an gcúnamh seo uilig d’éirigh leo an scoil a chur ar an bhfód agus a rith ó lá go lá. Bhí beirt mhúinteoirí acu, Fiona a bhí mar phríomhoide agus bean eile, agus íocadh airgead an-bheag leo. Sna luathmhíonna rinne RTÉ clár ar an scoil—John Creedon a bhí ann, agus bhí agallaimh le tuistí faoi na cúiseanna a chuir siad a bpáistí ann. Arsa Ó Laoire, ‘the *opening shot was* coinnle ar bord i *soft focus* agus an chéad rud a dúradh ná ‘*children in country’s first multid denominational* Gaelscoil *celebrate the Hindu festival of Divali*’²⁰⁸

Mar sin féin, admhaíonn Ó Laoire gurb é an sprioc a bhí acu ar

205 Agallamh.

206 Agallamh.

207 Nótaí Phádraig Uí Mhaoláin, an 13 Aibreáin 2023.

208 Agallamh.

dtús ná scoil gan chreideamh, ‘ach dúradh liom sa roinn pé seans a bhí agam scoil a oscailt a bhí ilchreidmheach, ba (lú) seans a bhí ann é sin a oscailt. Dá mbeadh scoil gan chreideamh lán stad, do bheadh raic sa tír.’ Cén fáth gur theastaigh ó Ó Laoire an creideamh a scaradh ón oideachas? ‘Do bheinnse go pearsanta den tuairim gur rud pearsanta é an creideamh do dhaoine. *The French, the Germans, they all have it right.* Tá oideachas faoi chúram an stáit agus tá creideamh faoi chúram na clainne nó na Eaglaise. In ’92, ’93 *that was a bit too radical.* B’in an t-aon rud a dúirt Niamh Bhreatnach liom ag an am, “ná cur isteach ar scoil gan chreideamh mar ní bheidh seans dá laghad agat,” “*okay, right then, we’ll compromise, ilchreideamhach*” [GÁIRE].’ An raibh bunús leis an meon saolta sin in óige Uí Laoire? D’fhreastail sé ar scoil ar an mBealach—baile beag leathbhealach idir Durlais Éile agus Baile Thiobraid Árann. ‘Chuas ar scoil náisiúnta bheag faoin tuath le beirt mhúinteoirí [ach] bhí 20% a bhí as Eaglais na hÉireann ag freastal ar an scoil,’ a deir sé. Théadh na páistí ó Eaglais na hÉireann abhaile ag am lóin nuair a bhí cúrsaí creidimh á múineadh. Seans, agus é ag machnamh air, gurb é sin an rud a chuaigh i bhfeidhm air. Nuair a d’fhás sé aníos chaith sé cúpla bliain ina chónaí sa Ghearmáin agus maíonn sé go raibh spéis aige i gcúrsaí oideachais agus polaitíochta i gcónaí, agus a bheith ag breathnú ar thíortha eile faoin mbealach is fearr le déanamh.²⁰⁹

Cibé cúlra idé-eolaíochta a bhain leis an moladh, ní raibh múnla ann go bhféadfaidís a leanúint. ‘Ag an am,’ a áitíonn Ó Laoire, ‘ní raibh Educate Together ró-eagraithe. *We were kind of feeling our way.*’²¹⁰ Dá ainneoin sin, tháinig cabhair ó phríomhoidí Ag Foghlaim le Chéile²¹¹ ar fud an stáit, faoi conas cúrsaí creidimh a láimhseáil—is cuimhin leis bean amháin i Luimneach a bhí an-chabhrach. B’fhadradharcach cinneadh Uí Laoire cuireadh a thabhairt d’Áine Hyland a bheith páirteach ar an mBord Bainistíochta chomh maith. Bhí tuiscint ar leith aici ar na deacrachtaí a bhain le cúrsaí creidimh.²¹² Bhí Hyland lárnach i mbunú an Dalkey School Project sna 1970í agus teacht ar an bhfód an chórais Ag Foghlaim le Chéile sna blianta ina dhiaidh sin.²¹³ Míníonn sí an

209 Agallamh.

210 Agallamh.

211 Educate Together.

212 Agallamh.

213 Hyland, *A Brave New Vision for Education in Ireland*, *passim*.

méid a bhí ar siúl aici an chéad bhliain le Gaelscoil an Ghoirt Álainn:

I went down in '93 and they were already negotiating and discussing with Educate Together, and I was chair of Educate Together. Partly, because there wasn't that much happening in UCD I had time then to get involved in Educate Together and that was the period during which I took on the chair of the organisation and encouraged a number of the schools to get started during that time. And Gaelscoil an Ghort Álainn contacted me and asked me to go on the board. So I was on that first board—I never missed a meeting but I wasn't active there in the way I was active in Dalkey, where I really was behind it, I'd draft all the letters. I never had to do that [for Gaelscoil an Ghort Álainn]. At that time a school had to find temporary premises, had to find all the local contributions. In theory, they had to find a site, but by 1993 the Department wasn't as strict about that, but they had to find a temporary premises. So we were initially in a nursing home building. It was very tough on the teachers and the principal... It was terrible in that nursing home. It was clearly a nursing home and not a school.²¹⁴

Mar a bhain sé le cúrsaí creidimh go sonrach, deacracht amháin, a deir Hyland, ná nach ndearnadh aistriúchán go Gaeilge ar pholasaithe creidimh Ag Foghlaim le Chéile. Bhí doiciméid acu den Religious Education Core Curriculum, ach ní raibh an t-aistriúchán acu. Bhí ceisteanna morálta, eiticiúla, agus forbartha pearsanta sa churaclam sin, agus múineadh na múinteoirí mar gheall ar na creidimh éagsúla. Ní raibh éinne ag súil gur cheart do pháiste a bheith mar chuid den chreideamh sin. Mar sin féin, b'éigean na polasaithe nua seo a mhíniú do roinnt mhaith de na tuismitheoirí:

a lot of the Irish language families who wanted to have their children brought up through Irish, it was a bit fite fuaité with the Catholicism for them. They did find it a bit difficult to disentangle. Why would you have a Gaelscoil, that wasn't a Catholic Gaelscoil?... Mayfield area probably had no Protestants, much less Buddhists or Hindus which we would have found in the other school... Eoin [Ó Laoire] was very committed to it, but a lot of the parents thought of it just as a Catholic Gaelscoil. All the Gaelscoils up till then were Catholic and they had Catholic instruction within school hours. Gaelscoil an Ghoirt Álainn was trying both to bridge those who wanted Catholic instruction within school hours and those who didn't. So we had a lot of debate about that.

Luann Hyland go raibh 70% nó 80% de na tuismitheoirí ag lorg go ndéanfaí teagasc Caitliceach. Ach de réir mar a d'fheabhsaigh clú na scoile, bhí tóir ar an scoil de bharr a caighdeán oideachais agus ní de bharr na teanga nó an ilchreidimh.²¹⁵

An raibh comhthéacs níos doimhne a lig do Ghaelscoil an Ghoirt

214 Agallamh le Áine Hyland.

215 Agallamh le Áine Hyland.

Álainn teacht ar an bhfód ag tús na 1990í? An bhféadfaí a leithéid de scoil ilchreidmheach a bhunú deich mbliana roimhe sin ag tús na 1980í? ‘Níl a fhios agam chun an fhírinne a rá,’ arsa Ó Laoire, ‘bhí sé deacair ag an am *and I’m just a stubborn bastard*. Sin mar a tharla sé. Dheineamar iarracht labhairt leis an Eaglais Chaitliceach chun a thaispeáint dóibh nach raibh muid i gcoinne páistí Caitliceacha teacht [chun] na scoile. Scéal greannmhar, an Canónach Ó Dálaigh, fear mór na Gaeilge, nuair a chuala sé go raibh Gaelscoil ag tosnú bhí sé ag rá [linne] ár gcuid bpáistí a chur chuig an Gaelscoil, *then* nuair a chuala sé gur scoil ilchreidmheach a bhí ann *he referred [to it] as the “Godless Gaelscoil”* [GÁIRE].’ An deacracht ba mhó, dár leis, ná nach raibh aon teimpléad ann. Tháinig na múinteoirí amach as coláistí oiliúna Caitliceacha agus bhí sé deacair a bheith ag iarraidh agallamh a chur orthu. Níor thug siad cead do na múinteoirí creideamh a mhúineadh istigh sa rang. An múnla a bhí acu ná leathlá a bheith acu ar an gCéadaoin agus bhí an deis ansin do dhaoine ar theastaigh uathu teagaisc reiligiúnda a fháil, bhí cead acu na ranganna a úsáid. Déanadh iarracht go luath i saol na scoile ranganna teagaisc Chríostaí a mhúineadh laistigh d’am scoile ach sheas Ó Laoire an fód. Luann sé, sa mhullach air sin, go gcaithfidh an príomhoide a bheith ar aon intinn leis an mbord bainistíochta ar na ceisteanna seo. Tá gá ann, ar sé, cultúr a bhunú agus an fócas a choimeád ach a bheith solúbtha. ‘D’fhéadfá aon rud a dhéanamh ó thaobh polasaí de, ach an dá rud a bhí raic ann fúthu ná éadaí scoile agus cúrsaí creidimh. Taobh amuigh de sin *no one gave a shit*.’²¹⁶ Tá Hyland i bhfad níos soiléire faoin athrú sochaí a bhí ag tarlú sna luath-1990í a thug an deis don chéad Ghaelscoil ilchreidmheach, an chéad ‘*Godless Gaelscoil*,’ teacht ar an bhfód:

It was the beginning of autonomy. Of a population that didn’t want to be spoken at and spoken to by the Church and that the Church would speak on their behalf. They wanted to speak on their own behalf. And that was the big difference. And a lot of the Gaeilge, Irish-language people they were autonomous, independent people who had thought through why they were involved. Of course you would also have a tradition in some parishes of some of the priests almost being anti-Irish and that didn’t help the Irish language movement. I mean I was baptised as Ann, and all my brothers and sisters in the ‘40s, the priest refused to baptise us in our Irish names because they were still imbued with British ideology. That kind of thinking would have turned off a lot of families and (led them to decide) that they wanted to be independent and to have their own voice. And that became

*much stronger in the '90s.*²¹⁷

Advanced Review Copy

²¹⁷ Agallamh.

CAIBIDIL 12:

CARN TÓCHAIR, 1993—‘GO MBEIDH AN COMH-
PHOBAL SÁSTA, SLÁINTIÚIL AGUS SAIBHIR’

DÁ CHASTA AN SCÉAL SCOIL a bhunú ó dheas sna blianta seo, sna Sé Chontae bhí ar bhunaitheoirí Gaelscoileanna dul in adharca le meon frith-Ghaelach i gcónaí. Mar sin féin, le bunú leithéidí an Central Communités Relation Unit (CCRU) i ndiaidh do shíniú an Chonartha Angla-Éireannaigh in 1985, bhí rannóg éigin stáit, ar a laghad, in ann dúshlán de sórt a thabhairt don mheon sin a chuir bac ar aitheantas a thabhairt do Ghaelscoileanna. B’in a tharla in 1992 nuair a d’éirigh easaontas idir rannóga de státseirbhís na Sé Chontae mar gheall ar bhunú Choláiste Feirste. In Eanáir 1992 scríobh J. F. Walker ón CCRU chuig J. S. Smith sa Roinn Oideachais mar gheall ar achainí ón Roinn Oideachais ar bhunú na scoile a cuireadh faoi bhráid an aire. Chuir Walker in iúl do Smith *‘the whole tone of the submissions seems unnecessarily negative. I have sought to read it as an objective observer but cannot escape the feeling that it is coming from a stance of finding as many arguments as possible to support a pre-determined decision to reject the application.’*²¹⁸ I gcuid amháin den tuairisc léiríodh an t-aineolas a bhí ann faoin teanga: *‘educationally, our best assessment is that language immersion courses for 3 and 4 year olds which concentrate narrowly on language alone may achieve the objective of establishing a basic competence in simple communications, but would also be likely to miss other desirable objectives. This assessment has to be a tentative one, given that we have little specific evidence to go on.’*²¹⁹

Cé go raibh teannas ar leith inmheánach ann maíodh go mórtasach i dtuairisc eile gur caitheadh £1,683,240 ar an nGaeilge in 1993-1994 cé is moite de chostas na teanga a mhúineadh laistigh den chóras oideachais a d’fheidhmigh trí mheán an Bhéarla. *‘Expenditure on Irish-medium schools and curriculum material in Irish was £836,500,’* a dúradh.²²⁰ É sin ráite, mar a mhaíonn Mac Ionnrachtaigh, ba chuid de straitéis é an caiteachas seo, mar aon le bunú Iontaobhas Ultach in 1989 (gan aon ionadaíocht náisiúnach air) ar mhaithe leis an teanga, mar dhe,

218 J. F. Walker go J.S. Smith, ‘Irish Medium Secondary School,’ an 25 Eanáir 1992.

219 Achainí ar ‘Irish Medium Secondary School,’ 1991.

220 Tuairisc ar chaiteachas ar an nGaeilge, 1993-94.

*‘to strategically divide the language movement by providing financial assistance to a cross-community Irish language initiative.’*²²¹ Anuas air sin, agus beag beann ar an gcaiteachas beag ar Ghaelscoileanna a bhí ar oscailt cheana, bhí diúltú ann aitheantas a thabhairt do Ghaelscoileanna nua a bunaíodh agus fágadh iad ar an trá fholamh. Ní haon iontas gur sin a tharla ar feadh na mblianta i ndiaidh bhunú Bhunscoil Lúraigh i Machaire Rátha in 1993, Bunscoil Naomh Bríd mar atá anois ann, ar aonad í de St. Brigid’s Primary School i dTír Chiana, Carn Tóchair, i gContae Dhoire.

Ba dhuine de bhunaitheoirí na Gaelscoile é Niall Ó Catháin. Tá scéal bhunú na scoile fite fuaite leis an bhforbairt pobail sa cheantar—ceantar tuaithe a bhí ag bánú. Bhí sé mar aidhm an ceantar ina iomláine a fhorbairt agus an Ghaeilge a bheith mar chroílár den tionscadal sin. Níor tógadh le Gaeilge Ó Catháin ach, mar a chéile le go leor eile, bhí atmaisféar báúil don teanga sa teach. Bhí Gaeilge de chineál ag a athair agus cé nach raibh sé líofa deireadh sé ráitis bheaga i nGaeilge. Choimeád Ó Catháin seanleabhair Ghaeilge a athar chomh maith. Ach, lasmuigh dá theaghlach, sa cheantar máguaird bhí nasc i gcuimhne na ndaoine leis an tráth ina raibh cuid mhaith den dúiche fós ag labhairt na Gaeilge. Fuair an cainteoir dúchais deireanach bás sa cheantar sna 1950dí, mar shampla. Ina dhiaidh sin agus Ó Catháin ag fás aníos:

Bhí i gcónaí ranganna ar siúl sa cheantar agus suim sa Ghaeilge. Bhí an CLG i gcónaí láidir sa cheantar agus bhí an ceol láidir fosta. Bhí suim sa Ghaeilge agus sa chomhphobal. Rinne mé Gaeilge ar an scoil, giota beag. Agus ar an mheánscoil d’fhoghlaim mé giota níos mó. Agus chuir mé suim inti i ndiaidh dom an scoil a fhágáil. Thosaigh muidne an naíscoil anseo in 1992 i ndiaidh dom imeacht ón ollscoil. Mise agus roinnt daoine eile, bhí muid ar choiste. Bhí a fhios agam i gcónaí gur ceantar Gaeltachta a bhí ann. Bhí an Ghaeilge ann mar theanga chomhphobail go dtí tús an chéid seo a d’imigh thart. Rinne muid giota beag taighde ar daonáireamh 1901 nuair a tháinig sé amach. Fuair muid amach go raibh b’fhéidir leathchuid den daonra i gcuid de na bailte fearainn anseo, go raibh an Ghaeilge ag formhór sna bailte fearainn sin. Bhí agus tá an Ghaeilge go fóill sna logainmneacha, sna hainmneacha páirce, sna leasainmneacha teaghlaigh sa cheantar—ainmneacha cosúil le Paddy Airt, Seán Phádaí Airt...nó stuif mar sin. D’fhás mé aníos leis na hainmneacha seo thart orm agus na hainmneacha páirce agus cuid mhór den Ghaeilge fite fuaite trí Bhéarla na háite, go háirithe leis na seanfheirmeoirí... Agus tá foghraíocht na Gaeilge go fóill sa chomhphobal.²²²

221 Mac Ionnrachtaigh, *Language, Resistance and Revival*, 181.

222 Agallamh le Niall Ó Catháin.

Ag tús an fhichiú haois, le linn ré na hAthbheochana, bhí craobh láidir de Chonradh na Gaeilge sa cheantar agus bhí go leor Gaeilge ag cuid de na seandaoine dá bharr sin. Ach chuaigh sí i léig le linn an fhichiú haois. ‘Idir an saol polaitíochta agus eile, agus an cogadh... chaill daoine suim sa Ghaeilge sa tréimhse sin,’ a deir Ó Catháin, ‘*But* spreag siad muid, thug siad an síol dúinn an rud a thoiseacht arís agus thosaigh muidne ag tús na 1990í ag cur eolas ar an obair uilig a rinne siad, faoin stair agus an oidhreacht.’ Rinne Ó Catháin agus a chomhghleacaithe athbhunú ar an gcraobh sna 1990í.

Tugadh cuairt ar Bhóthar Seoighe agus fuarthas blaiseadh den mhéid a bhí déanta ansin. Socraíodh go mba chóir don Ghaeloideachas a bheith lárnach san fhorbairt pobal. Ach bhí gnéithe eile de chultúr an cheantair le tabhairt san áireamh i bpróiseas comhtháite. Mar a luann Ó Catháin, tá baint ag gach éinne, nach mór, leis an gCumann Lúthchleas Gael:

Ag amharc siar... ní raibh muid in ann foireann mionúr a chur amach. Ní raibh an daonra ard go leor leis sin a dhéanamh. Ní raibh ach b’fhéidir triúr ar chomhaois liomsa a bhí ar an mheánscoil. Bhí titim i líon na ndaoine in san ceantar. Ach tá sé go hiomlán athraithe ó shin. Sin cuid den fháth gur thosaigh muid amach ar an choiste forbartha. Ní hé gur thosaigh muid amach ar an Ghaeloideachas leis féin. Shocraigh muid Coiste Forbartha a bhunú agus bhí an Gaeloideachas ar cheann de na chéad tionscadail a chuir muid chun cinn. Tá réimse iontach leathan tionscadal ar siúl ag an Choiste Forbartha anseo, cosúil le tionscadal cultúrtha, cosúil leis an teanga, agus an timpeallacht, tá tearmann dúlra againn anseo, agus ansin tá lárionad ealaíon anseo againn fosta. D’oscail muid caifé ar na mallaibh, tá lóistín féin-freastail ann, tá cúpla tuirbín gaoithe ag an chomhphobal fosta. D’fhás muid.²²³

Ba chuid lárnach de phlean an choiste forbartha bunú Bhunscoil Lúraigh i Machaire Rátha in 1993. Chuir siad bothán in aice leis an halla mór sa chlub CLG nuair a thosaigh siad. Nuair a labhair siad leis an sagart paróiste faoi aonad a bhunú sa scoil Bhéarla bhí sé ina gcoinne. Mar sin, b’éigean dóibh an scoil a thosú leo féin istigh i Machaire Rátha. Bhí eolas ag Ó Catháin ar bhothán a bhí ar díol i nDoire i seanospidéal. Chosain na botháin £4,000 agus chabhraigh muintir an cheantair go deonach leis an suíomh a ghlanadh, agus na botháin a chuir isteach, ‘agus chuir muid alt sa pháipéar fá choinne múinteoir scoile agus thosaigh muid scoil! [GAIRE]... Sin an dóigh a ndearna muid

rudaí ag an am sin. Ag smaoineamh siar, bhí muid ar mire. Ní raibh eagla dá laghad orainn, *just* shocraigh muid dul ar aghaidh. Sin an cineál nóis atá ag daoine anseo. Mura bhfuil duine eile ag dul á dhéanamh fá do choinne, déanann tú é tú féin.’ Fuair siad ‘girseach óg as Tír Chonail’ chun múineadh i mBunscoil Lúraigh ach bhí sé deacair di ag teacht díreach as an ollscoil. Dé réir a chéile d’éirigh leo múinteoirí a fháil. Ní raibh mórán tacaíochta ann ó dhreamanna eile ag an am—ní raibh leithéidí Gaeloilíúint ann an tráth sin ag an am. ‘Nuair a thosaigh muidne amach ní raibh an earnáil chomh forbartha sin. Bhí orainn labhairt le daoine. Labhair muid le muintir Bhóthar Seoighe ar dtús. Ach fiú ina dhiaidh sin bhí muid cineáil linn féin’ a deir Ó Catháin. Bhí buntáiste ag leithéidí Bhunscoil Phobal Feirste agus Bhunscoil na bhFál a bhí in ann tarraingt ar ‘ghréasán tacaíochta agus gréasáin phearsanta a bhí ag na múinteoirí sa scoil’ arsa Ó Catháin, rud nach raibh ann i gCarn Tóchair. Dúshlán eile ab ea an córas taistil—níorbh ann dó. Bhí siad ag brath ar shíobanna ó Carn Tóchair go Machaire Rátha ar bhonn laethúil. Thar aon rud eile, ba é airgead an phríomhchonstaic a bhí le sárú:

Nuair a thosaigh muid amach ar an bhunscoil bhí orainn an t-airgead uilig a thógáil ar dtús. Ní raibh aitheantas ag an scoil ar feadh seacht mbliana. Ní bhfuair muid airgead ón Roinn Oideachais. Bhí orainn an t-airgead uilig a thógáil le hioc as na múinteoirí agus bhí sin iontach doiligh. B’in na blianta ba mheasa i mo shaol [GÁIRE]... bhí orainn dul thart ar na cluichí CLG ach an tseachtain, na cluichí *championship* agus ag scríobh litreacha chuig daoine i Meiriceá agus ag déanamh crannchuir. Bhí orainn b’fhéidir £30,000 a thógáil an chéad bhliain agus ansin de réir a chéile d’ardaigh an líon airgid a bhí orainn a thógáil. Sular cheangail muid isteach leis an scoil Bhéarla anseo bhí orainn £90,000 a thógáil, mar bhí trí mhúinteoir againn agus na costaisí reatha...²²⁴

Tá formhór na ndaoine sa cheantar báúil leis an teanga fiú mura gcuireann siad a bpáistí chuig an nGaelscoil, arsa Ó Catháin. Thacaigh an t-easpag áitiúil le Bunscoil Lúraigh nuair a bunaíodh í, cé gur scoil ilchreidmheach neamhspleách a bhí ann. Ach ní raibh mórán smachta ag an easpag ar an sagart paróiste a chuaigh ‘ar strae sa chloigeann toisc go raibh muid ag glacadh na bpáistí ar chóir dóibh a bheith ag dul chuig an scoil áitiúil anseo ar shiúl ón scoil. Cosúil le achan ceantair tuaithe eile, tá achan uile pháiste tábhachtach fiú d’inmharthanacht na

224 Agallamh.

scoile. Bhí sé teasáí go leor ar feadh seacht nó ocht mbliana. Ní raibh cead againn an nuachtlitir pharóiste nó aon fhoirgneamh a bhain leis an pharóiste a úsáid.’ Deir Ó Catháin nár thit siad amach leis an sagart ach go ndearna seisean iarracht titim amach leo. Le himeacht ama d’éirigh rudaí níos fearr. Bhí Ó Catháin bainteach le Bunscoil Lúraighe ó 1993 go 2000 nuair a chuaigh an scoil isteach leis an scoil Bhéarla, agus glaoth Bunscoil Naomh Bríde uirthi, agus chaith sé tréimhse ar bhord gobharnóirí na scoile sin.

Murab ionann agus bunú roinnt mhaith Gaelscoileanna eile, tá eisceacht ag baint le Bunscoil Naomh Bhríde mar go samhlaíonn a bunaitheoirí an scoil mar ghné amháin de thogra díchoilínithe níos fadtéarmaí. Mar a mhíníonn Ó Catháin:

Ghlac sé is dócha 300 bliain don Bhéarla an lámh in uachtar a fháil sa ceantar seo, glacfaidh sé cúpla céad bliain ar a laghad [GÁIRE] go mbeidh an Ghaeilge curtha ar ais. Bhí cuid mhór pleanála ceantair i gceist leis an Bhéarla a chur i mbéal an phobail... pleanáil teanga a bhí ann chun an Béarla a chur ann, agus thosaigh sé leis an oideachas, an rud céanna atá muidne a dhéanamh. Bhuel, thosaigh sé i bhfad roimhe sin le cúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta, cúrsaí dlí agus achan rud. Ach an rud a scrios an Ghaeilge sa cheantar seo ná an córas [oideachais] aonteangach Béarla. Tá muidne ag iarraidh córas níos ilchuimsithí a chur ar fáil leis an Ghaeloideachas, go mbeidh an Ghaeilge agus an Béarla ag na páistí. Glacfaidh sé sin tamall, mar tá an dara glúin ag teacht tríd anois. Sin daoine a bhfuil Gaeilge mheasartha acu a bheidh in ann Gaeilge a thabhairt do na páistí ón chliabhán agus tá meantóireacht ar siúl—tá bean s’agam déanann sí meantóireacht ar dhaoine atá ag tógáil clainne trí mheán na Gaeilge. Beimid ag déanamh i bhfad níos mó de sin anseo sa dóigh is go bhfuil Gaeilge maith acu ón tús.²²⁵

Is cuid de thogra níos leithne í Bunscoil Naomh Bríd freisin. Tá cead pleanála acu d’ionad cúraim ar suíomh na sean-bunscoile (an áit a raibh an scoil sular bhog sí isteach mar aonad sa scoil Bhéarla), rud a chabhraíodh go mór ó thaobh pleanála. ‘Tá muidne ainmnithe mar líonra’ a deir Ó Catháin, ‘tá cuid mhór de sin bunaithe ar fheasacht agus díriú isteach ar na daoine óga.’ Is dual don togra cinnirí óga a fhorbairt, rud atá níos éasca nuair a thuigtear an chúis a bhfuil an Ghaeilge á spreagadh dar le hÓ Catháin. Is dóigh leis, ar an ábhar sin, nach ndéanann na scoileanna go leor de sin. Bheadh sé i bhfad níos fusa na páistí a chur ag caint i nGaeilge an t-am ar fad, dá dtuigeadh

siad an fáth go bhfuil siad ar scoil, dá dtuigfeadh siad scéal na Gaeilge. Ní mhíníonn na bunscoileanna sin—an chuid is mó acu cibé ar bith. Is eisceacht é má tá scoil á dhéanamh sin.’ Tá an teanga nasctha le meon intinne agus caighdeán maith saoil an phobail áitiúil. Maíonn Ó Cathain gur thug siad faoin obair ar fad ar mhaithe le:

forbairt an phobail... caomhnú... daoine a choinneáil sa cheantar, an teanga a chur ar ais i mbéal an phobail, an timpeallacht a chaomhnú... an nós a spreagadh, nó bród a spreagadh sna daoine san áit, sa chomhphobal, sa timpeallacht, sa teanga ionas go mbeidh an comhphobal sásta, sláintiúil agus saibhir—saibhreas teanga, saibhreas go mbeidh daoine ábalta clann a thógáil... sin an nós a bhí againn. An áit a dhéanamh níos fearr mar áit... tá an teanga ar cheann de na croispriocanna atá againn ó thaobh cúrsaí forbartha de.²²⁶

CAIBIDIL 13:

AG BOGADH I DTREO NA MEASÚLACHTA, 1993

BA MHÓR IDIR FÍS FORBARTHA Charn Tóchair agus an easpa físe ón stát i leith polasaí teanga do cheantair Ghaeltachta na Sé Chontae Fíchead le linn na luath-1990í. Níorbh é Sraith Salach an uair dheireanach a mbeadh raic ann faoi pholasaí teanga le linn na tréimhse seo. Scríobh Diarmuid Ó Gráinne as Conamara chuig *Combar* faoi ‘raic oideachais i gCarna’ sa bhliain 1993. Dúirt sé go raibh “‘Sraith Salach’ eile dúisithe’ sa cheantar. Bhí formhór na n-ábhar sa bhunscoil náisiúnta áitiúil á múineadh trí mheán an Bhéarla, cé go raibh príomhoide na scoile ag séanadh gurb amhlaidh a bhí an scéal. Ba cheist í seo a bhain le heaspa polasaí cinnte teanga. Cé is moite de pharóiste an Chnoic, áit a raibh polasaí láidir teanga ag príomhoide na scoile, Tomás Ó Ráinne, luaigh Diarmuid Ó Gráinne go raibh polasaí ‘in easnamh i bhformhór mór na scoileanna Gaeltachta idir bunscoileanna, meánscoileanna agus ceard-scoileanna.’ Cháin sé cigirí na Roinne Oideachais, Údarás na Gaeltachta agus craobhacha Conradh na Gaeilge fiú as ligean ‘don scéal bheith chomh dona is atá.’²²⁷ Go deimhin, nochtheadh an t-aighneas sin idir lucht athbheochana na cathrach agus muintir na Gaeltachta arís nuair a d’admhaigh Proinsias Mac Aonghusa, Uachtarán Bhord na Gaeilge, nár chuala sé trácht faoi chás Scoil Charna. Scríobh Ó Gráinne chuig *Combar* go searbhasach. Ba léir, a dúirt Ó Gráinne, ‘nach eol do Phroinsias bocht ceard atá ag tarlú ar leic an dorais aige féin agus teach aige i Ros Muc. An bhfuil tromchuramaí eile Phroinsias ag dul idir é agus a dhualgas cearta teanga a chosaint?’ De thoradh na conspóide bhí sé ar intinn ag roinnt tuismitheoirí i gCarna a gcuid páistí a tharraingt as an scoil agus dul i mbun Gaelscoil a bhunú sa cheantar nó áit éigin eile i gConamara. Tuismitheoir amháin a bhí chomh corraithe sin faoi dhrochstaid na Gaeilge sa scoil theastaigh uaithi a hiníon a chur ar scoil chónaithe sa Spidéal. Mhol Ó Gráinne don Údarás, don Chonradh, agus don Roinn Oideachais teacht le chéile chun an fhadhb a réiteach ‘sula dtosóidh sraitheanna de “Sraitheanna Salacha” eile ag teacht ar shála a chéile i gConamara.’²²⁸

Reáchtáladh cruinniú cinn bliana Gaelscoileanna i samhradh na

227 *Combar*, Iml. 51, uimh 9, Meán Fómhair 1992, 15.

228 *Ibid.*, 16.

bliana 1993. Scríobhadh in *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* go ‘cuimhneofar ar chruinniú cinn bliana 1993 mar ócáid ar ar deineadh dul chun cinn suntasach maidir le gaol na gluaiseachta le heagraíochtaí agus forais eile atá ag saothrú i réimse an oideachais. Ba é cruinniú cinn bliana Gaelscoileanna 1993 an chéad ócáid de chuid na gluaiseachta ar ar fhreastail an tAire Oideachais riamh. Ba ócáid stairiúil é, dar leis an iris, seoladh bhileog eolais Gaelscoileanna oíche Dé hAoine agus ba mhór agus ba chroíúil an fháilte a fearadh roimh Niamh Bhreathnach, an tAire Oideachais, a tháinig i láthair chun an seoladh a dhéanamh.²²⁹ Mhol *Combar* Bhreathnach go haer in eagarfhocal i ndiaidh an chruinnithe. Ní hamháin sin, ach chreid na heagarthóirí go dtacódh Bhreathnach agus an rialtas nua leis an nGaelscolaíocht mar a leagadh síos i bPlean an Rialtais Chomhpháirtíochta. Sa mhullach air sin, bhí sé anois, a dúradh, ‘ag éirí soiléir go bhfuil aire ann a thuigeann tábhacht na Gaelscolaíochta agus a aithníonn an obair mhór atá ar siúl ag gnáthphobal na hÉireann chun an coincheap réabhlóideach seo a chur chun cinn.²³⁰ Mar a neosfadh an aimsir, bhí eagarthóirí na hirise i bhfad amú agus an bhreith sin á tabhairt acu ar Bhreathnach.

Ach dealraíonn sé go raibh gluaiseacht na Gaelscolaíochta, thar aon bhliain eile b’fhéidir go dtí sin, ag bogadh i dtreo na measúlachta. Mar a mhíníonn Ní Fhearghusa in 1993, d’eagraigh Gaelscoileanna seimineár maidir leis an bpáipéar glas oideachais agus ‘ní rabhamar sásta go raibh a dhóthain airde dírithe ar an nGaelscolaíocht. Tógadh ionadaithe ó na scoileanna le chéile. Chuireamar aighneacht le chéile agus chuaigh sé sin ar aghaidh.²³¹ D’fhreastail ionadaithe Gaelscoileanna ar an gComhdháil Oideachais i gCaisleáin Bhaile Átha Cliath in 1993. Ina measc bhí Uachtarán Gaelscoileanna, an Dr Dónall Ó Baoill, Cathaoirleach an Fhochoiste Polasaí agus Pleanála, Breandán Mac Cormaic, Príomhoide Scoil Iognáid, Niall Ó Murchadha, Príomhoide Choláiste de hÍde, Caitlín Mhic Shiacaís agus Feidhmeannach Gaelscoileanna Jacqueline Ní Fhearghusa. Scríobh Breandán Mac Cormaic go raibh ‘tábhacht faoi leith ag baint leis an gComhdháil ó thaobh na Gaelscolaíochta de—tugadh seasamh náisiúnta don eagraíocht ann, fuairamar roinnt mhaith poiblíochta de bharr ár rannpháirtíochta, tugadh deis

229 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 15, Samhradh 1993, 1.

230 *Combar*, Iml. 52, uimh 7, Iúil 1993, 3.

231 Agallamh le Jacqueline Ní Fhearghusa.

dúinn dul i bhfeidhm ar lucht oideachais na tíre agus ar ard-oifigigh na Roinne Oideachais agus fuairamar an deis ár dtuairimí agus ár bh-fadhbanna a chur os comhair an tsaoil.²³² Ina dhiaidh sin foilsíodh an páipéar bán ar chúrsaí oideachais agus aithníodh mar pháirtneoirí oideachais Gaelscoileanna.²³³

Seans gur mhothaigh daoine eile sa ghluaiseacht a bhí ann ón tús agus ag feidhmiú ar bhonn deonach go raibh béim na gluaiseachta ag athrú. An é go raibh Niall Ó Murchadha ag meabhrú dóibh siúd a bhí bainteach le Gaelscoileanna faoi na bunchuspóirí a bhí ann nuair a tháinig an ghluaiseacht chun cinn sna 1970í nuair a scríobh sé in *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* thart faoin am seo? ‘Ní mór dúinn smaoineamh,’ a scríobh sé, ‘faoin íomhá a léirímid don phobal mór. Is iad labhairt na Gaeilge agus teagasc trí Ghaeilge... bunchloch an chórais. Is iad sin na slata tomhais ba cheart a bheith againn. Is iad le chéile *raison d’être* ár gcuid scoileanna. Agus is iad a idirdhealaíonn muid ó chóras na scoileanna meán Béarla. Nuair a thagaimid os comhair na meán mar bhaill de ghluaiseacht seo na scoileanna lán-Ghaelacha, mar thuistí, mar mhúinteoirí, nó mar dhaltai, tá dualgas orainn fianaise a thabhairt os comhair an tsaoil faoinár bhfealsúnacht oideachais.’²³⁴ Bhí tráchtairí eile tar éis feiniméin an institiúidithe a thabhairt faoi deara ag pointí níos luaithe. Agus é ag trácht ar an institiúidiú i gcomhthéacs na gceardchumann in Éirinn i lár na 1980í, d’áitigh Proinnsias Breathnach go raibh:

sé le feiceáil go bhfuil riail bhunúsach ann a bhaineann le fás eagraíochta ar bith in Éirinn: is é sin, nuair a shroichtear an pointe sin nuair is gá maorlathas gairmiúil a fhostú chun an eagraíocht a riar, tosaítear ar radharc a chailleadh ar chuspóirí bunaidh na heagraíochta, agus ina ionad sin faigheann caomhnú agus fás na heagraíochta—agus ina theannta sin, cumhacht agus cáil an mhaorlathais féin— tús áite. Tarlaíonn sé seo in Éirinn go háirithe toisc go bhfuil lárú cumhachta ar leibhéal an-ard sa tír seo agus go bhfuil claonadh spleách chomh domhain sin i meon an phobail (oidhreacht an choilíneachais, a deir daoine áirithe).²³⁵

Agus roimhe sin arís, chreid an gníomhaí Gaelscolaíochta Cath-

232 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 16, Geimhreadh 1993, 1.

233 Agallamh le Jacqueline Ní Fhearghusa.

234 *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*, uimh. 15, Samhradh 1993.

235 *Comhar*, Iml. 43, uimh 9, Meán Fómhair 1984, 4.

al Ó Luain gurb amhlaidh a tharla le Gluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta sna 1970í. Agus é ag scríobh in *Carn* in earrach na bliana 1978, chásaigh sé dul i léig na gluaiseachta le blianta beaga anuas. Cúis amháin leis seo, dár leis, ab ea *‘the involvement of many of those active in the early years, in both the radio service and the local development co-operatives which have grown up rapidly in almost all Gaeltacht areas since the early seventies.’*²³⁶ Ba léir go raibh an ghluaiseacht ag claochú i rith na tréimhse seo, más ea.

Advanced Review Copy

236 *Carn*, Uimh 21, Earrach 1978, 16.

CONCLÚID NA RANNÓIGE

CHUIR AN SAOL CEACHTANNA crua abhaile ar ghluaiseacht na Gaelscolaíochta le linn na mblianta seo. Bhí an easpa maoinithe agus an easpa ball foirne dá bharr i nGaelscoileanna ag cruthú deacrachtaí i dtaobh ghairmiúlacht na heagraíochta. Nuair a ghlac Breandán Mac Cormaic ról na huachtaránachta chinn sé ar chruth ní ba phroifisiúnta a chur ar an eagraíocht. Dhéanfaí sin beag beann ar thuilleadh foirne, trí bhaill dheonacha an choiste riartha a eagrú isteach ina bhfochoistí a dhíreodh a gcuid fuinnimh agus acmhainní teoranta ar ghnéithe ar leith, mar shampla forbairt polasaí agus oiliúint na mbord bainistíochta. Comhartha eile den ghairmiúlacht seo ná an iarracht a rinneadh teagmháil níos fearr a chothú sa ghluaiseacht trí chéile—sé sin idir an eagraíocht Gaelscoileanna, na Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí féin, agus na tuismitheoirí—nuair a lainseáladh an iris *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta*. Is cosúil gur éirigh go maith leis an iris na deacrachtaí móra a raibh ar na Gaelscoileanna déileáil leo a thabhairt chun solais, ach comhartha amháin gur ag brath ar fhuinneamh deonach a bhí an iris ná nár éirigh leis na heagarthóirí é a chur amach ar bhonn rialta tar éis na chéad chúpla bliain. Ach má bhí mion-nithe mar sin ag cur isteach ar fhorbairt na gluaiseachta bhí an eagraíocht Gaelscoileanna ag bogadh i dtreo na measúlachta i gcónaí le linn na tréimhse seo. Baineadh ceann scríbe amach in 1993 nuair a glacadh leis an eagraíocht mar pháirtneir oideachais

Léirigh an méid a thit amach i Luimneach agus i gCorcaigh maidir le baint Shinn Féin le bunú Gaelscoileanna go raibh an polasaí céanna ann i gcónaí—ní bheadh dream polaitiúil amháin chun cinn i mbunú Gaelscoile thar aon cheann eile, go poiblí ar a laghad. B’annamh a fógraíodh na naisc leis an bpoblachtachas i mbunú na nGaelscoileanna sin go poiblí, ach is cosúil gur thuiriscigh an Garda Síochána chuig an aire go raibh an bhaint sin ann. Bhí Sinn Féin ag éirí níos láidre ó dheas ó ghlac an páirtí páirt sa dtoghchánaíocht agus an ghníomhaíocht phobail, rud a chuir buairt ar chodanna den stát. Chinn lucht Gaelscoileanna gan leas a bhaint as poblachtachas folaithe an lucht oibre chun gluaiseacht na Gaelscolaíochta a chuir chun cinn, ach cloígh leis an múnla ‘neamhpholaitiúil’ a bhí ann le fada agus súil ann go meallfadh sé sin an líon is mó daoine isteach. Tá Mac Ionnrachtaigh tar

éis na castachtaí a bhain leis an ionchur poblachtach i ngluaiseacht na Gaelscolaíochta agus na Gaeilge a phlé go mion ina leabhar,²³⁷ baint a bhí níos láidre sna Sé Chontae dár ndóigh. Ach seans gur cailleadh deis an ghluaiseacht a chur i dtreo ní ba radacaí, a bheadh nasctha le cúrsaí pobail trí chéile agus ní hamháin leis an oideachas. Thrácht go leor agallaithe i rith na tréimhse seo ar na deacrachtaí a bhain leis an teanga a spreagadh lasmuigh de gheataí na scoile. Léiríonn cás Bhéal Feirste gur féidir é sin a bhaint amach, ach a bheith sásta glacadh le cabhair ó Ghaeil radacacha agus daoine eile lasmuigh den dlúthphobal scoile. Tá gné aicmeach ag baint leis seo uilig. Ba mhisiúil mar a scríobh Ó Snodaigh faoin roinn ag diúltú do phoblachtaigh an Chnoic Theas de dheasca nach raibh siad ‘measúil’ go leor. An é go raibh codanna de ghluaiseacht na Gaelscolaíochta ag feidhmiú ar an gcaoi céanna, nó ar bhain an diúltú le pragmatachas agus straitéis?

Pé acu atá fíor, bhí sruthanna den ghluaiseacht ag feidhmiú ón mbun aníos mar a léirigh cás Charn Tóchair, a thosaigh le Gaelscoil ach a d’fhorbair isteach ina chomhphobal Gaelach. Léirigh cás Bhríd Ní Dhomhnaill i Sraith Salach go raibh daoine aonarachas fiú sásta tabhairt faoin bhfeachtasaíocht ar son na Gaelscolaíochta. Ní róbhúioch a bhí sciar mór de phobal Shraith Salach as an seasamh sin, dár ndóigh. Cé gur luadh polasaí oideachais Gaeltachta thart faoin tréimhse seo ní raibh a leithéid ann chun seasamh láidir a thabhairt do leithéidí Ní Dhomhnaill agus ní bheadh go ceann i bhfad eile.

Ba ag fanacht ar ‘*Godless Gaelscoil*’ teacht chun cinn ón mbun aníos a bhí ceannasaíocht Gaelscoileanna sna luath-1990í ar mhórán bealaí. Bhí sochaí agus cultúr—go háirithe an gaol idir an pobal agus an Eaglais—sna Sé Chontae Fíchead ag athrú. Sna 1970í thug lucht na Gaelscolaíochta dúshlán don mhúnla a bhí ann de réir gnáis go mbeadh lámh lárnach ag an gcléir i mbainistiú scoileanna. Tháinig an beart sin in inmhe faoi thús na 1990í le bunú Ghaelscoil an Ghoirt Álainn in 1992-93 agus an Fhorais Pátrúnachta an t-am céanna.

Dá bhrí sin, ag an tráth seo, bhí an dá shruth den ghluaiseacht fós ag feidhmiú go héifeachtach san earnáil amháin. Bhí feabhas gairmiúil ag teacht ar an eagraíocht Gaelscoileanna, a bhí in ann tacaíocht a thabhairt d’fhás na gluaiseachta, agus bhí coistí agus boird bhainistíoch-


237 Mac Ionnrachtaigh, *Language, Resistance and Revival*, 179-88.


ta dheonacha fós ag teacht ar an bhfód go horgánach agus beartais nuálacha á gcur i gcrích acu. Réitíodh an bealach go héifeachtach don fhás leanúnach, murab ionann agus fás as cuimse, a tharlódh sna 1990í malla agus sna náideanna le linn ré an Tíogair Cheiltigh agus i ndiaidh Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Advanced Review Copy

ÍOMHÁ 1. 'Sites for All-Irish Schools,' Scoil Neasáin, c.1969.







ÍOMHÁ 2, THUAS. ‘The Tech’ Ráth Cúil, c.1966, a bhí mar Scoil Chrónáin ar ball.

ÍOMHÁ 3, AR DHEIS. Léarscáil ón iris Pobal, c.1970.



ÍOMHÁ 4, THUAS. Agóid faoi Scoil Dhún Chaoin, 1971.

ÍOMHÁ 5, THÍOS. Scoil an tSeachtar Laoch, Baile Munna, 1970í.






ÍOMHÁ 6, THUAS. Mícheál
Ó Fathaigh, Fran Ó
Tuathail, Eilís Uí Langáin,
Seosamh Ó Drisceóil, Scoil
an tSeachtar Laoch

ÍOMHÁ 7, AR DHEIS. 'Bally-
mun—The Acheivements',
1980í.





ÍOMHÁ 8, AR CHLÉ.
Ómós, c.1990.

ÍOMHÁ 9, THÍOS. An
Cultúrlann, 1987
(d'oscail 1991).





ÍOMHÁ 10, THUAS. Coláiste Chillian (bunáíodh 1981).

ÍOMHÁ 10.1, THÍOS. Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc.





ÍOMHÁ 11, THUAS. Céad rang Meánscoil Feirste le Cathal Ó Donghaile, 1991.

ÍOMHÁ 12, THÍOS. Agóid daltaí Meánscoil Feirste, taobh-amuigh d'Oifig an Aire Oideachais, 1995.





ÍOMHÁ 13, THUAS. Daltaí Meánscoil Feirste.

ÍOMHÁ 14, THÍOS. Meánscoil Feirste sa Chultúrlann, 1994.





ÍOMHÁ 15, THUAS.
Meánscoil Feirste.

ÍOMHÁ 16, AR
CHLÉ. Cuairt Rev.
Jesse Jackson
ar Mheánscoil
Feirste.



ÍOMHÁ 17, THUAS. Oscailt Meánscoil Gharman, 2007.

ÍOMHÁ 18, THÍOS. Gaelscoil Thulach na nÓg, 2008.





ÍOMHÁ 19, THUAS. Colaiste Ghlór na Mara, 2014.

ÍOMHÁ 20, THÍOS. Gaelscoil Inse Chóir, 2015.







ÍOMHÁ 17, THUAS. Gaelscoil Longfoirt, 2014.

ÍOMHÁ 18, THÍOS. Gaelscoil na gCrann, 2014.







FÍOR 1. Fás na Gaelscolaíochta.



FÍOR 2, THUAS. Fás ar an nGaelscolaíocht in Éirinn lasmuigh den Ghaeltacht, 1972-2021.


FÍOR 3, THÍOS. Fás ar líon na n-Iarbhunscolaíocht lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht sna Sé Chontae Fíchead, 1972-2021.






FÍOR 4, THUAS. Stádas Socheacnamaíochta, 32 Chontae.


FÍOR 4.1, THÍOS. Stádas Socheacnamaíochta, Sé Chontae Fíchead.






FÍOR 4.2, THUAS. Stádas Socheacnamaíochta, Sé Chontae.

FÍOR 5, THÍOS. Stádas socheacnamaíochta—Baile Átha Cliath.




ÍS IAD NA CEANTAIR IS DORCHA NA CEANTAIR IS MÓ FAOI MHÍBHUNTÁISTE.




FÍOR 5.1, THUAS. Stádas Socheacnamaíochta an cheantair—Contae Átha Cliath.

FÍOR 6, THÍOS. Stádas Socheacnamaíochta—Conamara.




IS IAD NA CEANTAIR IS DORCHA NA CEANTAIR IS MÓ FAOI MHÍBHUNTÁISTE.




FÍOR 6.1, THUAS. Stádas Socheacnamaíocht, Gaeltacht nó Breac-Ghaeltacht.

FÍOR 7, THÍOS. Stádas socheacnamaíochta—Béal Feirste.




IS IAD NA CEANTAIR IS DORCHA NA CEANTAIR IS MÓ FAOI MHÍBHUNTÁISTE.



FÍOR 7.1, THUAS. Stádas Socheacnamaíochta an cheantair—Béal Feirste.

FÍOR 8, THÍOS. Líon na nGaelscoileanna agus nGaelcholáistí a bunaíodh ar eatraimh ceithre bliana.





RANNÓG 4

AN GHAELSCOLAÍOCHT LE LINN RÉ AN TÍOGAIR CHEILTIGH AGUS PRÓISEAS NA SÍOCHÁNA, 1994–2008

GAELSCOILEANNA AGUS GAELCHOLÁISTÍ A BUNAÍODH I RITH NA TRÉIMHSE SEO:

BUNSCOIL BHEANN MHADAGÁIN, CO. AONTROMA	1994
GAELSCOIL AN MHUILLINN, CO. NA hIARMHÍ	1994
GAELSCOIL UÍ CHÉADAIGH, CO. CHILL MHANTÁIN	1994
GAELSCOIL BHAILE MUNNA, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1994
GAELSCOIL BHEANNTRAÍ, CO. CHORCAÍ	1994
GAELSCOIL MHICHÍL UÍ CHOILEÁIN, CO. CHORCAÍ	1994
GAELSCOIL DE HÍDE, CO. NA GAILLIMHE	1994
GAELSCOIL EOIS, CO. MHUINEACHÁIN	1995
GAELSCOIL INIS CÓRTHAIDH, CO. LOCH GARMAN	1995
GAELSCOIL NA CRUAICHE, CO. MHAIGH EO	1995
GAELSCOIL GHARMAN, CO. LOCH GARMAN	1994
GAELSCOIL CHLUAIN MEALA, CO. CHORCAÍ	1994
GAELSCOIL THIOBRAID ÁRANN, CO. THIOBRAID ÁRANN	1995
GAELSCOIL CHILL DARA, CO. CHILL DARA	1995
GAELSCOIL UÍ NÉILL, CO. THÍR EOGHAIN	1995
GAELSCOIL BHRÉIFNE, CO. AN CHABHÁIN	1995
GAELSCOIL THAOBH NA COILLE, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1995
BUNSCOIL NA mBRÁITHRE CRÍOSTAÍ (SRUTH), CO. ARD MHACHA	1995

GAELSCOIL DHROICHEAD NA BANDAN, CO. CHORCAÍ	1995
GAELSCOIL PHÁDRAIG, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1995
GAELSCOIL IARFHLATHA, CO. NA GAILLIMHE	1996
SCOIL AN DROICHID, CO. AONTROMA	1996
GAELSCOIL CHILL MHANTÁIN, CO. CHILL MHANTÁIN	1996
GAELSCOIL NA nDEISE, CO. PHORT LAÍRE	1996
GAELSCOIL BHARRA, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1996
GAELSCOIL UÍ FHIAICH, CO. CHILL DARA	1996
GAELSCOIL NA BÓINNE, CO. NA MÍ	1996
GAELSCOIL CHNOC LIAMHNA, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1996
GAELSCOIL CHOLMCILLE, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1996
GAELSCOIL LIOS NA nÓG, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1996
GAELSCOIL CHNOC NA RÉ, CO. SGLIGH	1996
GAELSCOIL UÍ DHOCHARTAIGH, CO. THÍR EOGHAIN	1997
GAELSCOIL PHORT LAOISE, CO. LAOISE	1998
BUNSCOIL BHEANNA BOIRCHE, CO. DHÚIN	1998
GAELSCOIL THULACH NA nÓG, CO. NA MÍ	1998
GAELSCOIL CHARRAIG NA SIÚIRE, CO. THIOBRAID ÁRANN	1998
BUNSCOIL NAOMH PÁDRAIG (AONAD), CO. AN DÚIN	1998
BUNSCOIL EOIN BAISTE (AONAD), CO. ARD MHACHA	1998
GAELSCOIL AN INBHIR MHÓIR, CO. CHILL MHANTÁIN	1998
GAELSCOIL LONGFOIRT, CO. AN LONGFOIRT	1998
SCOIL NA gCEITHRE MAOL, CO. MHAIGH EO	1998
GAELSCOIL NA gCEITHRE MAISTRÍ, CO. DHÚN NA nGALL	1999
GAELSCOIL BHUN CRANNCHA, CO. DHÚN NA nGALL	1999
GAELSCOIL BHRIAN BÓROIMHE, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	1999
BUNSCOIL MHIC REACHTAIN, CO. AONTROMA	1999
GAELSCOIL AN LONNÁIN, CO. AONTROMA	1999
BUNSCOIL NAOMH PROINSIAS (AONAD), CO. ARD MHACHA	1999
GAELSCOIL MHAINISTIR NA CORANN, CO. CHORCAÍ	1999
GAELSCOIL AN CHAISTIL, CO. AONTROMA	2000
GAELSCOIL NA MÓNA, CO. AONTROMA	2000
GAELSCOIL RIABHACH, CO. NA GAILLIMHE	2000
GAELSCOIL CHALADH AN TREOIGH, CO. LUIMNIGH	2001

GAELSCOIL CHOIS FEABHAIL, CO. DHÚN NA nGALL	2001
GAELSCOIL GHLEANN DARACH, CO. AONTROMA	2001
GAELSCOIL ÉIRNE, CO. DHÚN NA nGALL	2002
GAELSCOIL MÓSHÍOLÓG, CO. LOCH GARMAN	2002
GAELSCOIL MHÚSCRAÍ, CO. CHORCAÍ	2002
GAELSCOIL NÁS NA RÍOGH, CO. CHILL DARA	2002
BUNSCOIL NAOMH CHOLMCILLE, CO. THÍR EOGHAIN	2003
GAELSCOIL PHÁDRAIG NAOFA, CO. ARD MHACHA	2003
GAELSCOIL AN RÁITHÍN, CO. LUIMNIGH	2003
GAELSCOIL NA SPEIRÍNÍ, CO. DHOIRE	2004
BUNSCOIL AN TRAONAIGH, CO. FHEAR MANACH	2004
GAELSCOIL AN tSLÍ DÁLA, CO. LAOISE	2005
GAELSCOIL ÁTHA Í, CO. CHILL DARA	2005
GAELSCOIL EISCIR RIADA, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	2005
GAELSCOIL UÍ EARCÁIN, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	2005
GAELSCOIL NA DARÓIGE, CO. DHOIRE	2005
GAELSCOIL LIATROMA, CO. LIATROMA	2005
GAELSCOIL AN CHOILLÍN, CO. NA IARMHÍ	2006
GAELSCOIL BHAILE BRIGÍN, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	2006
GAELSCOIL NA LOCHANNA, CO. CHILL MHANTÁIN	2006
GAELSCOIL UÍ DRISCEOIL, CO. CHORCAÍ	2006
GAELSCOIL NA gCRANN, CO. THÍR EOGHAIN	2006
GAELSCOIL RIADA, CO. NA GAILLIMHE	2006
GAELSCOIL CHILUAINÍN, CO. LIATROMA	2007
GAELSCOIL ÉANNA, CO. AONTROMA	2007
GAELSCOIL CHIONN tSÁILE, CO. CHORCAÍ	2007
GAELSCOIL NA bhFILÍ, CO. NA GAILLIMHE	2007
GAELSCOIL AN BHRADÁIN FEASA, CO. NA MÍ	2007
GAELSCOIL ROS EO, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH	2008
GAELSCOIL NA gCLOCH LIATH, CO. CHILL MHANTÁIN	2008
GAELSCOIL LORGAN, CO. MHUINEACHÁIN	2008
GAELSOCIL ÉADAN DOIRE, CO. UÍBH FHAILÍ	2008
GAELSCOIL NA mBEANN, CO. AN DÚIN	2010

THÁINIG BORRADH AR GHEILLEAGAR na Sé Chontae sna 1990í de bharr dhíbhinn na síochána ón bpróiseas síochána agus tionchar an Tíogar Cheiltigh ó dheas den teorann. Faoi 2005, bhí an geilleagar sna Sé Chontae ag fás ag ráta a bhí faoi dhá oiread ceantar eile i stát na Ríochta Aontaithe. Ach thosaigh an bunús geilleagrach a bhí sa stát ag claochlú go mór i rith na tréimhse seo go háirithe. Tráth dá raibh, sna 1970í agus sna 80í, bhí comhlachtaí móra déantúsaíochta agus tionsclaíochta mar bhunús don gheilleagar. Ach nuair a d'athraigh sé seo ar ball bhí tionchar ann don tsochaí mar a mhíníonn Rollston agus McVeigh: *'Catholic self-confidence has followed a (partial) reversal of traditional Protestant advantage—with the collapse of the almost exclusively "Protestant" male industries mirroring the growth of predominantly "Catholic" knowledge industries.'*¹ Sa réimse pholaitiúil ba thréimhse é seo inar ghlac an IRA sos chogaidh in 1994 agus arís in 1997 agus inar síníodh Comhaontú Bhéal Feirste in 1998.² In 2005, d'fhógair an eagraíocht go raibh deireadh tagtha lena streachailt mhíleata i ndiaidh sé bliana is tríocha.³ Áitíonn McVeigh agus Rollston go raibh próiseas *'of southern Irish disengagement'* sna blianta seo chomh maith, mar a léiríodh le linn Chomhaontú Aoine an Chéasta nuair a rinneadh leasú ar Alt 2 agus 3 den Bhunreacht a thagair don Tuaisceart.⁴ *'Bizarrely,'* a deir siad, *'just as the symbiosis of politics and demographic transition threatened the existence of the six-county state... the 26 counties assumed a key role in bolstering the northern state and its commitment to unionist majoritarianism.'*⁵ Tharla an t-athrú ba shuntasai mar a bhain sé leis an nGaelscolaíocht sa tréimhse seo, dár le hÓ Baoill, in 1998: *'the Belfast Agreement and the Education (NI) Order 1998 were significant developments in educational terms, but more importantly they have brought with them an improvement in the relationship between the [Department of Education] and the Irish language movement. The working relationship being forged between [Comhairle na Gaelscolaíochta] and the [Department of Education] is pragmatic in its application and is constructive in its approach in agreeing a development strategy for the IME sector.'*⁶

1 McVeigh agus Rolston, *Anois ar Theacht an tSamhraidh*, 259–60.

2 Keogh, 'Ireland at the Turn of the Century: 1994–2001,' 331–32.

3 *The Guardian*, an 28 Iúil 2005.

4 McVeigh agus Rolston, *Anois ar Theacht an tSamhraidh*, 185.

5 *Ibid.*, 187.

6 Dónall P. Ó Baoill, 'Origins of Irish-medium Education: The Dynamic

Sna Sé Chontae Fíchead bhí tionchar nach beag, i dtuairim Keogh, ag an ngeilleagar domhanda ar an mborradh geilleagrach a thit amach sa stát sna 1990í. ‘*While some credit must be given to government strategy,*’ arsa Keogh, ‘*the buoyant global economy provided momentum for the Irish economic “miracle.”*’⁷ Bhaist sé seo seasmhacht sa pholaitíocht ar an stát. Mar a áitíonn Jackson, ‘*economic growth was also associated with political stability, with Fianna Fáil in coalition with the Progressive Democrats and (after the general election of 2007) the Greens.*’⁸ Ach ba théama leanúnach an chaimiléireacht sa saol poiblí sa stát le linn na 1990í dar le Keogh. Reáchtáladh Binsí Moriarty, Flood agus McCracken, mar shampla, chun solas a chaitheamh ar íocaíochtaí mídhleathacha a rinne lucht an rachmais le polaiteoirí chun a leasa féin a chur chun cinn.⁹ Is anailís sách éadomhain é seo—go raibh borradh ann chun leasa do na ndaoine ach gur scrios polaiteoir nó beirt a bhí cam an íomhá. Mar a deir Helena Sheehan, ‘*the 1990s was a decade of denial. In Ireland, the rising tide of prosperity blinded many to the injustices of the world.*’¹⁰ I ndáiríre ba thearmann cánach é an stát dar le go leor saineolaithe eile. Mar a deir Rollston agus McVeigh, ‘*the economy of Southern Ireland was premised on the commitment not to tax, not to interfere, not to monitor and not to criticise... the end product is an economic policy in thrall to transnational corporations—the very definition of an “unfree state.”*’¹¹ Téann Kirby go mion isteach sa scéal seo chomh maith agus áitíonn sé ‘*that far from being accidental side-effects of Ireland’s model of developmental success, these outcomes are intimately linked to the logic of the Irish model as the state gives priority to the needs of international capital over those of its own citizens, particularly the most vulnerable.*’ Nuair a bhreathnaítear ar shonraí an scéil a deir sé ‘*the Irish model turns out not to be a model of developmental success for the era of globalization but rather it is a mirage, since it appears to be something other than it is... The metaphor of mirage is not to deny its economic successes; instead, it is used to highlight that Ireland is*

Core of Language Revitalisation in Northern Ireland,’ *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism* 10 uimh. 4 (2007), 415.

7 Keogh, ‘Ireland at the Turn of the Century: 1994–2001,’ 324.

8 Jackson, *Ireland: 1798–1998, War, Peace and Beyond*, 412.

9 Keogh, ‘Ireland at the Turn of the Century: 1994–2001,’ 333–334.

10 Helena Sheehan, *Until We Fall: Long Distance Life On The Left*, (Monthly Review Press, 2023), ar a leathanach Facebook.

11 McVeigh agus Rolston, *Anois ar Theacht an tSamhraidh*, 189.

*not a developmental showcase offering lessons of successful development for other latecomers. Rather, it is a model of capital accumulation through which the disciplines of the market are imposed on society.*¹² Bheadh tionchar ag an méid a deir Kirby faoi na ‘disciplines of the market’ ar scéal na Gaelscolaíochta sna Sé Chontae Fíchead idir 1994 agus 2008. Tríd is tríd, mar a léiríonn Fíor 8 (lch 337) rinne an Roinn Oideachais an fás as cuimse ar earnáil na Gaelscolaíochta a mhaolú le linn na tréimhse seo..

Athrú eile sa tréimhse úd ná gur leanadh le ‘hEorpú’ an stáit. Mar a deir Rollston agus McVeigh, ‘*from 1973 onwards, a whole infrastructure was constructed funded by European Structural and Investment Funds. The 26-county state proved to have a healthy appetite for European capital, and this encouraged an ever-closer union.*’ Go dtí 2004, tráth ar leathnaíodh an tAontas Eorpach, ‘*the 26 counties remained a net receiving country of the EU. Despite Ireland becoming a net donor, significant financial support continues to be present.*’¹³ Bhí easpa daonlathais le brath, áfach. Nuair a vótáil muintir an stáit i gcoinne Chonradh Nice in 2001, chinn an rialtas é a bhrú arís go dtí gur glacadh leis in 2002.¹⁴

I dtéarmaí sóisialta bhí athrú ag teacht ar an stát ó dheas chomh maith. Lean an creimeadh i ndílseacht na ndaoine don Eaglais Chaitliceach ar aghaidh. In 1995 vótáil móramh ar son an cholscartha, cé go raibh ceist chigilteach an ghinmhille fós á plé go leanúnach. Tháinig scannail a bhain le saol príobháideach na n-easpach agus na sagart, leithéidí Eamon Casey agus Michael Cleary, chun solais, rud a chothaigh tuilleadh amhrais i measc an phobail faoin institiúid. Anuas air sin, thosaigh scannail i bhfad ní ba thromchúisí i ngeall air na scoileanna tionsclaíochta reiligiúnda agus mí-úsáid ghnéis á chíoradh sna meáin.¹⁵ Athrú mór sóisialta eile ab ea teacht na dteifeach agus na n-inimirceach ar bhonn níos líonmhara ná mar a thángthas go dtí sin. Idir 1995 agus 2000 d’iarr 10,000 duine tearmann sa stát. Ach, mar a deir Ferriter, ‘*they received disproportionate media attention precisely because*

12 Peadar Kirby, ‘Globalization, the Celtic Tiger and social outcomes: is Ireland a model or a mirage?’, *Globalizations* 1, uimh. 2 (2004), 219.

13 McVeigh agus Rolston, *Anois ar Theacht an tSamhraidh*, 180.

14 *Ibid.*, 181.

15 Keogh, ‘Ireland at the Turn of the Century: 1994-2001’, 336.

*most were not white.*¹⁶

Ceist mhór a bhí á hionramháil i ‘saol na Gaeilge’ ná meath na Gaeltachta, rud a d’fhíoraigh *Staidéir Cuimsitheach Teangeolaíoch* Uí Ghiollagáin agus Mhic Dhonnacha agus a gcomhghleacaithe in 2007. Mar a dúradh sa taighde, bá é an t-iompú teanga i measc na hóige croílár na faidhbe; ‘ón taighde seo is léir go bhfuil labhairt na Gaeilge sa phobal ar cheann de na tréithe bunúsacha a bhaineann le ceantar a bheith ina cheantar Gaeltachta i súile na ndaoine óga. Ar an láimh eile, is cosúil nach bhfeiceann siad, nó b’fhéidir nach dteastaíonn uathu a fheiceáil, an ceangal idir an tréith bhunúsach seo agus úsáid na Gaeilge ina measc féin.’¹⁷ I dtéarmaí an oideachais lán-Ghaeilge, mar a léirigh tuairisc John Harris, idir 1985 agus 2002 thit líon na ndaltaí sa stát a bhí i scoileanna Gaeltachta ó 2% (11,117) go 1.8% (7,942). Ba a mhalairt treo a bhí cúrsaí ag dul san iar-Ghaeltacht. Le linn an achair ama chéanna d’ardaigh líon na ndaltaí sna Gaelscoileanna san iar-Ghaeltacht ó 1.1% (6,250) go 5% (21,000).¹⁸

16 Ferriter, *The Transformation of Ireland*, 226.

17 Conchúr Ó Giollagáin, Seosamh Mac Donnacha, Fiona Ní Chualáin, Aoife Ní Shéaghdha, Mary O’Brien, *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chriochnaitheach*, Acadamh na hOllscolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i gcomhair leis an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásáil, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, 2007, 360.

18 *Carn* 136, Geimhreadh 2006/2007, 15.

CAIBIDIL 1: IDÉ-EOLAÍOCHT

IOMPAÍODH NÍOS MÓ AR THEACHTAIREACHT an iolrachais, seachas an náisiúnachas, chun aidhmeanna lucht na Gaelscolaíochta a bhaint le linn na tréimhse seo. Mar a thuairiscigh an nuachtán *Lá*, labhair Vivian Uíbh Eachach, Uachtarán Gaelscoileanna ó 1996-2000, ‘le Muintir Dhuibhlinne i Saoirsí Átha Cliath (sic),’ i Meitheamh na bliana 1996 ar an ábhar sin. Ba cheist a bhain leis an iolrachas í ceist na Gaelscolaíochta, a d’áitigh sé, agus bhí sé de dhualgas ar an Roinn Oideachais cearta tuismitheoirí agus daltaí a chosaint ar ‘dhaoine cúngaigeanta’ ar theastaigh uathu ‘bonn tacaíochta stáit a bhaint den Ghaelscolaíocht.’¹⁹ Tá an t-iolrachas le brath sa mhéid a deir Niamh Ní Mhaoláin, a tháinig i gcomharbas ar Uíbh Eachach mar Uachtarán Gaelscoileanna ó 2000-2002. ‘An tslí go bhféachaim air,’ a deir sí, ‘ná ba chóir dúinn an rogha a thabhairt do gach páiste ar deireadh. Mura roghnaíonn siad Gaeilge a labhairt nó mura roghnaíonn siad go bhfuil Gaeilge tábhachtach ina saol, sin an rogha atá acu. Ach bíodh an rogha acu.’²⁰ Ní raibh aon fhreasúra ag teacht ón roinn ar an mbonn sin. Go deimhin, luaigh príomhchigire na roinne ‘prionsabail an iolrachais’ i gcruinniú idir an Roinn Oideachais agus Gaelscoileanna ní ba luaithe an bhliain céanna agus plé á dhéanamh faoi bhoird réigiúnacha oideachais a bhunú.²¹ Bhí cuid eile de cheannairí na gluaiseachta, leithéidí Bhreandán Mhic Cormaic, ag breathnú i dtreo na hEorpa sa tréimhse seo chomh maith. Ba léiriú é ar bhá Mhic Cormaic leis an Eoraip nuair a dúirt sé le linn an phlé ar chúrsaí éiteas na nGaelscoileanna sa bhliain 1995 gur scoil í Gaelscoil ‘ina cothaítear gach gné d’oidhreacht na hÉireann agus na hEorpa.’²² I gcaint a thug Mac Cormaic ar ball, sa bhliain 2000, luaigh sé go raibh ‘an náisiúnachas ag dul i léig,’ go raibh ‘fealsúnacht nua teangan’ i réim, agus go gcaithfí aird a thabhairt ar cheisteanna amhail ‘an Ghaeilge agus ár bhféiniúlacht,’ ‘an chomhthéacs domhanda’ agus

19 Gearrthán ón *Irish Times*, an Meitheamh 1996.

20 Agallamh.

21 Miontuairiscí ar chruinniú idir an Roinn Oideachais agus Gaelscoileanna, an 12 Eanáir 1996, 2.

22 Cáipéis fhánach, an 12 Deireadh Fómhair 1995.

‘láidreacht an Bhéarla go hidirnáisiúnta’ dá bharr.²³

De réir mar a d’fhorbair cúrsaí taighde ar an tumoideachas isteach sna 1990í, braitear, chomh maith, tuilleadh oideachasóirí a ghlac idé-eolaíocht an tumoideachais mar thosaíocht agus a thug dílseacht don chóras Gaelscolaíochta féin a bhí bhunús láidir faoi faoin am sin, seachas don Ghaeilge *per se*. Mar a mhíníonn T.J. Ó Ceallaigh, a bhí ina phríomhoide ar Ghaelscoil na nDéise le linn na tréimhse seo, ‘creidim go hiomlán sa chóras Gaelscolaíochta agus is dócha creidim go hiomlán i ríocht an tumoideachais agus na buntáistí breise atá ann don fhoghlaimeoir, agus na buntáistí sa bhreis atá ann don mhúinteoir. Tá taithí thar a bheith saibhir, thar a bheith luachmhar. Ní bhfaighfeá taithí mar sin i Scoil lán-Bhéarla. Creidim go hiomlán sa chóras.’ Sa mhullach air sin, arsa Ó Ceallaigh:

Uaireanta bíonn daoine ag rá “*oh jeepers you’re mad for the Gaeilge*.” *Actually* ní bhaineann sé le Gaeilge uaireanta, oideachas den chéad scoth trí Ghaeilge. Tá an-difríocht eatarthu. *Okay*, tá cúrsaí cultúrtha saite ansin, tá an Ghaeilge saite ansin, tá saibhreas, agus filíocht agus béaloideas agus gach rud eile saite ansin. Ach an rud is tábhachtaí, dár liom, ná oideachas ar ardchaighdeán trí Ghaeilge a chur ar fáil. Agus ciallaíonn sé sin go mbeadh na leanaí inniúil ar ábhar, ach go mbeidís líofa cruinn agus saibhir i dteanga an ábhair freisin—go mbeadh teanga na cumarsáide acu, go mbeadh teanga na foghlamtha acu agus go mbeadh teanga an tsóisialaithe acu. Ní bhaineann sé le “Gaeilge” léi féin. Tá an rud níos mó ná sin.²⁴

É sin ráite, bhí cuid de bhunaitheoirí Gaelscoileanna idir 2000 agus 2009 tiomanta i geonáí de bharr cheist an náisiúin. Luann Caitlín Nic Amhlaidh, duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil Éirne, Béal Átha Seanaidh, ‘gur *sort of* leathnáisiúin (sic) muid gan teanga leis an fhírinne a rá.’ Mar mhúinteoir, d’eascair an nasc idir ceist na teanga agus ceist na síceolaíochta ón tréimhse a chaith sí ar an gcoláiste:

Bhí an-dúil agam san fhealsúnacht agus bhí rang amháin agus s’éard a bhí ann ná *Philosophy of Language*... agus is cuimhin liom ceist ar an léachtóir lá amháin. [Bhí sé ag caint] ar cé chomh dlúth is atá an intinn agus an focal. Agus dúirt mise “Cad é a tharlaíonn má athraíonn daoine ó theanga amháin go teanga eile? An iad sin na daoine céanna?”... Bhí mé ag smaoinc amh orainn féin anseo, an náisiúin. Shíl mé gur chóir go mbeadh Gaeilge againn nó náisiúin difriúil a bheadh ionainn. Ach níor thug sé freagra ceart orm.

23 Nótaí ó chaint a thug Breandán Mac Cormaic c.2000, 4.

24 Agallamh.

Ach chuir mé an-suim ann ag an am, sa cheist sin. Ní bhfuair mé freagraí ó shin, ach sílim go bhfuil sé an-suimiúil. Cad é an sórt náisiúin a bheadh ionainn anois...? ...Ní bhím ag dul thart ag spalpadh seo (sic) an t-am ar fad ach creidim é sin go dlúth, nach bhfuil leath an phoitéinsil bainte amach againn is a dtiocfaidh linn dá mbeadh an teanga againn, nó fiú amháin meas ar an teanga go forleathan.²⁵

Tarraingíodh ar thuiscintí ar an stair mar spreagadh idé-eolaíochta chomh maith. Díol suntais is ea an méid a deir Áine Ní Shíthigh, iar-Phríomoide Ghaelscoil Lios na nÓg, ar an ábhar céanna. Tá ‘an-ghrá’ agus ‘an-mheas’ aici don Ghaeilge agus theastaigh uaithi an teanga a chur ar aghaidh ag an gcéad glúin eile, a deir sí.²⁶ Bhí Lios na nÓg ag feidhmiú i seanfhoirgneamh stairiúil ó 1997. Teach stairiúil é Teach Fheadha Cuilinn inar bhunaigh Pádraig Mac Phiarais Scoil Éanna in 1908 agus, ina dhiaidh sin in 1910, osclaíodh scoil do chailíní, Scoil Íde, inar mhúin Louise Gavan-Duffy.²⁷ ‘Tá an oiread sin staire ag baint le Tigh an Chuilinnigh agus bhí spreagadh ag baint leis sin chomh maith,’ arsa Ní Shíthigh. ‘Is minic a bheifeá ag cuimhneach (sic) ar na daoine a chuaigh romhat sa tigh agus an íobairt a dhéanadar, agus go mbeadh an-áthas orthu innuibh dá bhfeicfidís an obair a bhí ar siúil (sic).’²⁸ Tuigeanann Dónal Ó hAiniféin, a bhí ina uachtarán ar Ghaelscoileanna idir 2002-2005, obair na Gaelscoláíochta sa tréimhse seo i gcomhthéacs na staire chomh maith:

Nuair a bhímse ag caint le tuismitheoirí labhraím faoi Lord Stanley agus 1830 agus bunú na scoileanna náisiúnta agus ansan téim ar aghaidh go dtí an tréimhse sin nuair a bhí an Ghaeilge éigeantach agus ansin Ciorclán 11/60 nuair a tugadh cead do bhunscoileanna múineadh trí mheán an Bhéarla dá mba sin é rogha an idir-ranga agus ansan ag tús na 1970í ní raibh ach líon beag, aon bhunscoil déag lasmuigh den Ghaeltacht ag teagasc go hiomlán trí Ghaeilge. Chuamar trí thréimhse an-dian ansan.²⁹

Bíonn sé cáinteach chomh maith faoin easpa tuisceana laistigh den chóras oideachais ar an stair chéanna agus na bealaí chun dúshlán a thabhairt do na smáil a d’fhág an stair chéanna. ‘Níl an focal tumoideachas luaite i gCuraclam 1999 ní dóigh liom,’ arsa Ó hAiniféin. ‘Ní raibh

25 Agallamh.

26 Agallamh.

27 *Beo*, eagrán 44, Nollaig 2004.

28 Ní Shíthigh 2022.

29 Agallamh.

sé luaite sa churaclam nó sna 1970í ach oiread. Agus ní raibh tuiscint ag daoine ar cad a bhí i gceist le múineadh tríd an tarna teanga. Ní raibh fáil acu ar eolas ó thíortha eile, faoi chuid den díobháil a dhéantar don aigne le cúrsaí iar-choilíneachais fós go láidir, an bhfuil a fhios agat? Agus gan tuiscint ag daoine ar an gcur chuige seo.³⁰ Leagann Uíbh Eachach béim ar stair fhada an choilínithe freisin, bunú na scoileanna náisiúnta mar ghléas coilínithe, agus an deis a cailleadh de dheasca an Chogaidh Chathartha córas iomlán nua Gaelach a chur ar an bhfód agus an díchoilíniú a chur i gcrích. Mar sin féin, mar a áitíonn sé, ‘ní téarma é “an díchoilíniú” a úsáidtear sa ghnáthchaint agus, ó thosaigh ré athbheochan na Gaeilge 150 bliain ó shin, is é an cuspóir atá ann ón taobh sin de cuidiú le muintir na hÉireann “athshealbhú” a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar a bhféiniúlacht náisiúnta. Is ionann, mar sin, “an díshealbhú” agus “an coilíniú” agus is ionann “an t-athshealbhú” agus “an díchoilíniú.”’³¹ Tá tuairim thomhaiste aige ar mhianaigh na Gaelscolaíochta gur fiú a lua:

Tá sé tábhachtach a aithint, is dóigh liom, gur gníomh athshealbhaíthe é ár ngréasán scoileanna féin agus ár gcóras oideachais féin a bheith againn mar phoblacht, na Gaelscoileanna san áireamh. Gníomh athshealbhaíthe eile is ea go múinteoir an Ghaeilge sna scoileanna sin. Ceist eile ar fad, dar ndóigh, is ea cé chomh maith agus a mhúinteoir í. I mo chás féin, áfach, bhí ardmheas ar an nGaeilge sna scoileanna ar ar fhreastalaíós-sa—scoileanna de chuid na mBráithre Críostaí, dream a bhfuil meas mór agam orthu—agus thugas an Ghaeilge liom. Is deimhin, mar sin, go raibh meon an athshealbhaíthe do mo spreagadhsa agus mé ag obair le Gaelscoileanna. Domsa, ba leibhéal breise athshealbhaíthe é an Ghaeilge a chur ar fáil do ghlúine nua mar theanga bheo seachas díreach mar ábhar scoile. I ndeireadh an lae, áfach, tá sé tábhachtach a thuiscint gur gluaiseacht oideachais í an Ghaelscolaíocht agus gur gluaiseacht í ar bhain, agus a mbaineann, a cuid cuspóirí oideachasúla amach go héifeachtach—ó thaobh an tumoideachais agus an stádais uile-scoile a thugtar don Ghaeilge sna Gaelscoileanna.³²

I ndiaidh do Ghaelscoileanna stádas mar chomhpháirtí oideachais a bhaint amach in 1993, bhí caidreamh níos cóngaraí ag an eagraíocht leis an Roinn Oideachais ná mar a bhí go nuige sin. Toradh amháin ar an ngaol nua sin ná go bhfuil tuairim níos fearr ag an staraí ar mheon státseirbhíshigh na Roinne agus na hairí oideachais le linn na mblianta

30 Agallamh.

31 Agallamh.

32 Agallamh.

1994–2008. Tuairim amháin, a léirigh Jacqueline Ní Fhearghusa agus í ag breathnú siar, ná go raibh ‘gaol an-mhaith’ gan ‘aon aighneas’ ann idir Gaelscoileanna agus státseirbhísigh na roinne.³³ Léiríonn scéal Uí Bhaoill ar a chaidreamh le státseirbhíseach amháin i lár na 1990í go raibh gaol cairdiúil go leor ann a d’fheidhmigh ar bhonn pragmatach chomh maith:

Bhí rud eile ann a chuidigh linn go mór, mé féin agus Breandán Mac Cor-maic. Bhuail muid leis na rúnaithe oideachais agus chuir muid aithne orthu agus bhí muid in ann go leor rudaí a bhaint amach mar gheall air sin. Bhí fear amháin ann agus ní dhéarfadh mé a ainm ar eagla [GAIRE]. Fear maith, bhí sé ina rúnaí agus ní raibh muid in ann coinne a fháil leis maith nó olc agus ní raibh a fhios againn cén cúis a bhí leis. Agus bhí cáil air... Glaodh air agus dúirt muid leis “níl tú ag tabhairt aon fhreagra ar na litreacha,” “oh ní aon mhaith a bheith ag cur litreacha chugam is am amú é,” “bhuel cén uair gur féidir linn bualadh leat,” “thart ar leath i ndiaidh a seacht maidin ar bith bím istigh.” Agus bhuail muid leis cúpla uair ag ól caifé leis áit éigin i mBaile Átha Cliath agus chuir sé comhairle orainn seo a dhéanamh, siúd a dhéanamh agus gan seo a dhéanamh. Agus bhí iontas orainn, ar chúis éigin d’éirigh go breá linn ina dhiaidh sin—is dóigh liom nach raibh sé ag iarraidh a bheith ag fáil litreacha agus ríomhphoist uainn.³⁴

É sin ráite, níl aon dabht ach go raibh teannas ann in amanna. In 1997 bhuail Ní Fhearghusa leis an Aire Oideachais, Micheál Martin. Mar a scríobh Ní Fhearghusa faoin achrann a bhí ann mar gheall ar aitheantas a dhiúltú do Ghaelscoileanna nuair a bhí Niamh Bhreathnach ina haire, d’aontaigh Martin ‘gur gá a chinntiú go seachnófar aighneas agus achrann mar a bhí anuraidh idir Gaelscoileanna agus an roinn.’³⁵ Pléifear an chonspóid seo ar bhealach níos mine thíos, ach léiríonn tuairim Uí Ainiféin ar an diúltú aitheantais go raibh cúiseanna a bhain le smacht ann gur diúltaíodh na Gaelscoileanna a oscailt.

Tagann Ní Mhaoláin leis an tuairim go raibh an roinn ina constaic d’fhás na nGaelscoileanna, óir bhí ionsaí á dhéanamh ag an institiúid—bíodh sin ar chúiseanna naimhdis nó míthuisceana—ar choincheap an tumoideachais. ‘Bhíomar i gcónaí in achrainn leis an roinn’ ar sí. Is cuimhin léi uair ar leith go ndeachaigh sí féin agus Ó hAiniféin isteach go dtí an roinn agus an curaclam nua, Curaclam 1999, díreach foilsithe.

33 Agallamh.

34 Agallamh.

35 Miontuairiscí an Choiste Riartha, an 15 Samhain 1997, 2.

An tráth sin bhí sí ag obair leis an PCSP³⁶ agus ‘an-chur amach’ aici ar an gcuraclam úd. Chuaigh an bheirt acu isteach

agus bhíomar ag míniú don Phríomhchigire Gearóid Ó Conluain ag an am, bhí an roinn ag rá “tá éagóir á déanamh, caithfidh sibh Béarla a mhúineadh do na naíonáin bheaga.” Thóg mise amach an curaclam agus dúirt mise “*look*, féach ar na cuspóirí atá sa churaclam, tá a, b, c, d, e, f, g á bhaint amach againn sa tarna teanga agus oibríonn sé... Bhí an curaclam ar eolas agam agus gan amhras bhí Dónal in ann roinnt argóintí láidre a chur chun cinn. Ach ní chreideadh daoine anois go rabhamar ag an bpointe sin.

Ina dhiaidh sin, nuair a tháinig conspóid Chiorclán 44 (2007) go cnámh na huillinne agus thóg Gaelscoileanna cás cúirte i gcoinne na Roinne Oideachais tugann tuairim Uí Mhaoláin léargas tábhachtach ar mheon na roinne:

bhí a fhios acu ina gcroí istigh go gcaillfeadh siad, ní raibh an fhianaise acu. Ach fós féin [throid siad é]... níl a fhios agam, tá go leor samplaí de sin trasna an bhoird (sic) ó thaobh sláinte de nuair a chuimhnínn tú siar ar Vicky Phelan. Níl a fhios agam cén saghas meoin é. An stát a chosaint? Ar deireadh ligeann siad síos an stát—titeann an rud as a chéile ar deireadh. Ní thuigim cad a bhíonn sa cheann acu. *Gosh like*, is cuimhin liom nuair a d’imíomar isteach chuig an gcigire an lá sin agus thug sé bean leis, Doreen McManus, a bhí ard sa chigireacht ag an am agus dhein siad gach iarracht le cur inár leith go raibh éagóir ar siúl againn ar pháistí agus nár thuigeamar cad a bhí ar siúl againn. Ar a laghad tá an chuid sin thart...³⁷

Léirigh dhá thoscáireacht de lucht na Gaelscolaíochta a bhuail leis an roinn an tráth seo cuid de mheon na roinne chomh maith. Bhuail toscáireacht ó Ghaelscoileanna (Breandán Mac Cormaic, Dónall Ó Baoill, Jacqueline Ní Fhearghusa), agus Mícheál Mac Aoidh ó Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta le hionadaithe ón Roinn Oideachais ag tús na bliana 1996 chun ceist na mbord réigiúnach oideachais a phlé. Ba iad John Dennehy, Leas-Rúnaí Cúnta na roinne, agus Seán Mac Gleannáin, Príomhchigire na roinne, a bhí i láthair. Ba é Mac Gleannáin a rinne formhór na cainte ar son an stáit. Dúirt sé nach raibh an t-aire ag iarraidh ‘neamhaird’ a thabhairt ar na Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta, ach go raibh ‘prionsabail an réigiúnachais mar bhunchloch dá cuid pleananna chun dílárú a dhéanamh ar an gcóras oideachais.’³⁸ Ba leasc

36 Líonra do Phríomoidí agus Leas-Phríomoidí.

37 Agallamh.

38 Miontuairiscí ar chruinniú idir an Roinn Oideachais agus Gaelscoileanna,

le Mac Gleannáin géilleadh do phrionsabal bhord oideachais ar leith do na Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta. Chaithfí, ar sé, ‘a bheith in ann glacadh le socruithe eile seachas na cinn a theastaíonn uainn i gcónaí.’ Rud amháin a bhí cinnte don roinn agus do Mhac Gleannáin ná ‘nár theastaigh uathu go mbeadh an foras rómhór mar nach rabhadar ag iarraidh maorlathas nua a chruthú.’³⁹ Thart ar dhá mhí ina dhiaidh sin, bhí cruinniú ag an bhForas Pátrúnachta leis an Roinn. Cíorfhar scéal an fhorais agus a bhunú i gCaibidil 6 thíos. Ach i láthair ag an gcruinniú áirithe seo bhí Breandán Mac Cormaic (Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge), Deirdre Ní Lúing (Gaelscoileanna) agus John Rigney and Máire Nic Ruairí ón roinn. Nuair a ardaíodh ceist an phainéil d’éiligh an Foras go mbeadh painéal ann go sonrach don fhoras. Cé go ndúirt Rigney go raibh ‘géarghá’ lena leithéid, bhí cúpla constaic ann. Ceann acu ná go mbeadh ceithre phainéal sa stát—cinn na ndeoisí Caitliceacha, cinn na ndeoisí Protastúnacha, cinn Ag Foghlaim le Chéile agus cinn an Fhorais Pátrúnachta—go gcruthófaí *‘fragmentation’*.⁴⁰ Tríd is tríd, ón bhfianaise atá ann ar mheon na roinne le linn na tréimhse seo, tá sé deacair a rá an raibh meon ‘gallda’ chun cinn nó nach raibh. I measc roinnt státseirbhíseach bhí meon pragmatach le brath—bhí Gaelscoileanna ann agus chaithfidís plé leo. Ar an lámh eile, nuair a sheasadar i gcoinne fhás na Gaelscolaíochta ní ar bhonn frith-Ghaelach a sheas siad i gcónaí, ach ar bhonn a bhain le cúrsaí smachta agus riaracháin, mar is dual do stát i go leor cásanna.

an 12 Eanáir 1996.

39 *Ibid.*, 2.

40 Tuairisc ó chruinniú idir an Roinn Oideachais agus an Foras Pátrúnachta, 26 Márta 1996.

CAIBIDIL 2: COMHDHÉANAMH

IS COSÚIL NÁR ATHRAIGH comhdhéanamh aicmeach na gluaiseachta i rith na tréimhse seo—bhí móramh meánaicme fós i réim i measc gníomhairí sna Sé Chontae Fíchead. Sna Sé Chontae, is cosúil go raibh móramh lucht oibre ann i gcónaí. Rud amháin a d'athraigh, agus rud a bheadh an-tábhachtach leis, ná gur tháinig múinteoirí chun cinn san eagraíocht Gaelscoileanna go mór mór sna blianta seo. Bhí leithéidí Dhónaill Uí Bhaoill, a tháinig isteach ar Choiste Riartha Gaelscoileanna in 1986 mar ghníomhaire deonach, agus a bhí ann i rith na 1990í nuair a bhí an t-athrú seo ag titim amach, suite go maith chun cúrsaí a mheas:

Rud spéisiúil faoi, is dóigh liom nuair a bhí na cruinnithe chinn bliana ann ar dtús báire bhí ról ag na múinteoirí, ach bhí ról i bhfad níos mó ag na bunaitheoirí. Dá bhrí sin bhí meascán ann. Ach de réir a chéile, measaim, fuair na múinteoirí greim air. B'fhéidir gur rud maith a bhí ann sa mhéid gur thuig siad cúrsaí oideachais, ach bhí coimhlint an raibh siad ag cur cuspóirí agus na n-uaimhíanta a bhí ag na bunaitheoirí chun cinn go hiomlán neamhspleách ar an oideachas. As sin a tháinig tionchar eile ag an chruinniú cinn bliana agus nuair a bhí an lárchoiste le piocadh bhí i bhfad níos mó múinteoirí air de réir a chéile ná mar a bhí de dhaoine a raibh scoth na Gaeilge acu agus a bhí páirteach i mbunú scoileannaí. Cé nach bhfaca mé trácht air seo sílim gur fhág sé lorg ar an rud.⁴¹

An tionchar a bhí aige seo ná gur dhírigh na múinteoirí ar chúrsaí oideachais, ar conas mar a mhealltar tuilleadh páistí, agus ar phlé leis an roinn, rud a d'fhág bearnaí in áiteanna eile, arsa Ó Baoill. Ní raibh siad 'buartha faoi nithe a bhain le bunú scoileanna ná le cultúr. Ní raibh sin á phlé ar cor ar bith.'⁴² Bhí Dónal Ó hAiniféin ar dhuine den ghluin nua seo. Thosaigh seisean ag gabháil do Ghaelscoileanna thart ar 1993 nuair a bhí coistí réigiúnacha ann. Bhí Coiste Thuadhmhumhan 'gnóthach go leor' agus borradh ag teacht ar an nGaelscolaíocht thart ar Luimneach go háirithe:

Nuair a tháinig mise ar bhord Gaelscoileanna bhí go leor—i gcead dóibh—de na seanfhondúirí fós ann. Daoine a bhí ann ó thús na gluaiseachta, daoine a bhí páirteach sna 1960í, na 1970í agus na 1980í agus a bhí ag teacht chun críche, an bhfuil a fhios agat? Bhí sé go hálainn a bheith páirteach in san

41 Agallamh.

42 Agallamh.

droichead sin, an ghlúin sin a dhein an oiread sin agus iad ag bunú Gaelscoileanna timpeall na tíre. Bhí sé go hálainn foghlaim uathu san. Chonaic mé an tiomantas, an dílseacht, an grá, agus an t-aiteas agus an fiántas, agus an nuálaíocht chomh maith, a bhí ag baint leis an nGaelscolaíocht.⁴³

Chuir mé ceist ar Vivian Uíbh Eachach an raibh athrú sa ghluaiseacht ag pointe éigin ó ghníomhairí go múinteoirí? ‘Braithim gurb é sin an rud a tharla,’ ar sé, ‘toisc go raibh éirithe linn foras pátrúnachta a bhunú, go raibh na cúraimí a bhain leis an réimse sin imithe go dtí an Foras Pátrúnachta (a bunaíodh in 1996).⁴⁴ Threisigh an claonadh i dtreo an mhúinteora thart ar an mbliain 2000 nuair a bheartaigh Ó hAiniféin, nuair a bhí sé ina Leas-Uachtarán, agus Niamh Ní Mhaoláin, Uachtarán Gaelscoileanna, na comhdhála a dhéanamh ‘níos bríomhara agus níos beomhara’ chun múinteoirí a mhealladh chucu. Úsáideadh an deis oideachasóirí a fháil chun a saineolas a roinnt chun go rachaidís i bhfeidhm ar phríomhoidí agus múinteoirí. Bhí sé deacair múinteoirí a bhí ag teagasc i scoileanna Gaeltachta a fháil, áfach. ‘Is cuimhin liom iarracht a dhéanamh na scoileanna Gaeltachta a mhealladh chuig na comhdhála seo,’ arsa Ó hAiniféin, ‘Ó bhí sé an-deacair daoine a tharraingt amach as an nGaeltacht chun freastal air. Ní raibh freastal á dhéanamh ag na seirbhísí taca a bhí ag an Roinn Oideachais [ar an nGaeltacht]....’⁴⁵ Agus í ag tagairt don athrú a bhí ag tarlú an tráth sin deir Ní Mhaoláin gur ‘rud iontach’ a bhí sa ‘meascán de dhaoine ar an gcoiste riarta.’ Mar sin féin, ‘baol atá ann anois, braithim féin, ná is múinteoirí ar fad atá gafa leis an eagraíocht go pointe áirithe. Tá na seanóirí imithe agus bhí an-an-saineolas acu sin agus thug siad an-chuid don rud. Níl na freagraí ar fad ag múinteoirí. Bhí an ghluaiseacht níos leithne ceapaim...’ Creideann Ní Mhaoláin, a bhí ina múinteoir agus atá anois ina príomhoide í féin, go raibh fíis níos leithne ag na seanóirí:

Mo scoil féin anois, tá’s agam go bhfuil an-cháil ar an scoil mar áis oideachais. Cuirimid oideachas d’ardchaighdeán ar fáil. Ach ní dóigh liom go bhfuilimid tar éis dul i bhfeidhm ar an gceantar ó thaobh na Gaeilge de mar ba mhaith liom. Níor tharla sé sin. Ní féidir leat gach rud a chaitheamh aníos (sic) ar an scoil. Tá ualach oibre le déanamh, an méid sin rudaí... Nuair a bhím ag freastal ar chomhdháil, cé go bhfuil cabhair ann do mhúinteoirí

43 Agallamh.

44 Agallamh.

45 Agallamh.

agus go mbíonn ceardlann faoi rud faoi leith, conas barr feabhais a chuir ar A, B, nó C, tá an píosa a bhaineann le fis an ruda maidir le gluaiseacht na Gaeilge de cailte. *Nó*, níl a fhios agam an féidir le scoil é sin a bhaint amach ach in áiteanna áirithe d'éirigh níos fearr leo.⁴⁶

De bharr an chlaonta mheánaicmigh ionsaíodh an Ghaelscolaíocht mar rud a bhain leis an 'éilíteachas.' D'argóin Ó hAiniféin go láidir go raibh Gaelscoileanna le fáil sna ceantair ba mhó faoi mhíbhuntáiste, ar an gCnoc Theas i Luimneach cuir i gcás. Bhí 'deacrachtaí ann oidí a choimeád, oidí a fhostú, aitheantas a fháil. Bhí sé ag dul orthu go dtí le fiordhéanaí stádas DEIS 1 a fháil... Mar ní raibh an roinn sásta stádas DEIS 1 a bhronnadh... ar an gceantar is mó faoi mhíbhuntáiste a bhí sa tír, toisc go raibh an stádas sin cheana féin ag an scoil Bhéarla suas an bóthar... Ní rabhadar ag iarraidh na hacmhainní, cothrom na Féinne, a thabhairt don Ghaelscoil.' Ach bhí an scéal casta. Nuair a chuir Patricia Griffin agallamh ar athair agus máthair páiste a bhí ag freastal ar Ghaelscoil Míde, i gceantar lucht oibre Dhomhnach Míde i mBaile Átha Cliatha thart ar 2006, bhí an t-athair díongbháilte nach raibh aon aicmeachas i gceist. Ach bhí freagra na máthar spéisiúil:

*Look around, you're talking about a middle class, I mean it's a very middle-class phenomenon really. Do you know what I mean? I mean yes, they were opened in primarily working-class areas... But I think it's become more of a middle-class phenomenon.*⁴⁷

Aontaíonn Ní Mhaoláin faoin gclaonadh meánaicmeach agus daoine a thagair do na torthaí maithe oideachais a bhí á ngnóthú sna Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí; 'bhí pointe ansin... ach tá scoileanna meánaicmeacha ann má tá siad in áit mheánaicmeach, ach tá scoileanna i ngach áit anois agus tá siad measctha. Tá fáilte roimh gach éinne.'⁴⁸ Is é tuairim Uíbh Eachach ar an scéal ná nach mbeidh drogall ar dhaoine atá in aghaidh na Gaelscolaíochta 'teacht ar chúiseanna chun locht a fháil uirthi.' Cáineadh áirithe a bhí coitianta tráth ab ea gur dream meánaicmeach—scothaicme de shaghas éigin—iad lucht na Gaelscolaíochta, arsa Uíbh Eachach:

Ba mhinic, agus mé á rá le daoine áirithe go raibh baint agam leis an nGaelscolaíocht, gurbh é an caitheamh anuas sin an chéad rud a léimfeadh amach as a mbéal, faoi mar a bheadh cúis éigin ag teastáil uathu chun cur

46 Agallamh.

47 Griffin, *Dóchas is Dúchas, Hope and Heritage, Gaelscoileanna*, 80.

48 Ní Mhaoláin 2022.

i gcoinne na Gaelscolaíochta agus go raibh cáineadh “maith” aimsithe acu. *Mantra* de shaghas éigin a bhí ann. Is dóigh liom gur chreid roinnt acu, gan bacaint le heolas cruinn a lorg, go raibh bunús leis an gcáineadh, go minic toisc gur theastaigh uathu é a chreidiúint. Ní raibh sé bunaithe ar fhíríc ar bith, dar ndóigh, agus léirigh sé aineolas iomlán ar dháileadh na nGaelscoileanna ar fud na hÉireann. Íorónta go leor, is daoine meánaicmeacha pribhléidithe ba mhinice a déarfadh é sin, i mo thaithí féin.

Is cuimhin le hUíbh Eachach a bheith ag cruinniú amuigh sna túir i mBaile Munna maidir le Gaelscoil nua i dteannta Jacqueline Ní Fhearghusa agus bhí an seomra plódaithe le daoine áitiúla a bhí ag iarraidh bogadh ar aghaidh leis an nGaelscolaíocht. ‘Cúpla lá ina dhiaidh sin,’ a mhaíonn sé, ‘chuala mé an líomhain sin á caitheamh amach arís agus léirigh sé dom an tslí a mbíonn daoine áirithe sásta cáineadh ar bith a dhéanamh ar rud nach dtaitníonn leo, gan bacaint leis na fírící a fhiosrú.⁴⁹ Ba léir go raibh meon freasúrach mar a bhain sé leis an nGaelscolaíocht i measc codanna den tsochaí go fóill. Ach an gcuirfeadh sé sin isteach ar fhás na gluaiseachta?’

49 Uíbh Eachach 2022.

CAIBIDIL 3:

FORBAIRT NA GLUAISEACHTA, 1994–2001

CONTÚIRT AMHÁIN ag tús na tréimhse seo do dhul chun cinn na gluaiseachta ná go ndéanfaí cónascadh ar Ghaelscoileanna agus scoileanna a d'fheidhmigh trí mheán an Bhéarla de dheasca cúrsaí maoine. Thart faoi 1994 bhí cath a raibh tábhacht as cuimse aige á throid in Eochail i gcoinne iarracht den sórt seo. Thuairiscigh an *Irish Examiner*, tar éis dóibh labhairt le Dónall Ó Baoill, gur ‘test case’ a bhí i nGaelscoil an Chorráin in Eochail ar a raibh todhchaí na Gaelscolaíochta ag brath.⁵⁰ Is cuimhin le Ní Fhearghusa go raibh Gaelscoileanna ‘ag dul ó ghéarchéim go géarchéim’ i rith na tréimhse seo. Bhí feachtas ag an Roinn Oideachais ‘chun na trí bhunscoil in Eochail a nascadh—scoil na gcailiní, scoil na mbuachaillí agus an Ghaelscoil... agus go mbeadh an Ghaelscoil mar shruth.’ B'éigean do Ghaelscoileanna ‘dul isteach agus é sin a tharrtháil, más maith leat, ar son na dtuismitheoirí agus na múinteoirí a bhí tar éis obair go crua ar son scoil neamhspleách.’ An baol a bhí ann, dar le Ní Fhearghusa, ná ‘dá dtarlódh sé ansin... go dtarlódh sé in áiteanna eile.’ Croílár na faidhbe, dár léi, ná ‘gur bhain sé le ceist chóiríochta arís. Bhí an chóiríocht sa scoil sin go hainnis ar feadh na mblianta. An tuairim a bhí ag an roinn ná go dtógaidís scoil úrnua le haghaidh na dtrí scoil le chéile agus go laghdódh sé ar an gcostas agus na deacrachtaí.’⁵¹

I dtuairim Uí Bhaoill, bhí ról lárnach ag an Eaglais Chaitliceach sna hiarrachtaí céanna. I mbailte ar fud an stáit a raibh deich nó fiche míle duine iontu tosaigh líon na bpáistí sna scoileanna eaglaise ag titim agus bhí droch-chóiríocht ag roinnt mhaith Gaelscoileanna. Mar sin, ‘bhí fonn ar an Eaglais—agus bhí siad ag déanamh seo cineál i gcomhar leis na cigirí. Ní fhaca mise riamh na miontuairiscí a bhí acu ach ba léir go raibh siad ag obair as lámh a chéile—an rud a smaointigh siad a dhéanamh ná na scoileannaí ar fad a chur le chéile. Mar is minic ar na bailte sin ba é an scoil lán-Ghaelach an scoil is mó... bhí rudaí ag athrú.’ In Eochail, bhí drochfhoirgneamh ag Gaelscoil an Chorráin a bhí contúirteach dá dtiocfadh tine ann. Is cuimhin le hÓ Baoill nárbh ann do phróiseas comhairliúcháin ar bith faoin gcónascadh a

50 *Irish Examiner*, 15 Márta 1994.

51 Ní Fhearghusa 2022.

beartaíodh; ‘shocraigh na heaspaig agus na cigirí go raibh na trí scoil le cur le chéile. Dúirt muidne “bhuel má tharlaíonn sé sin tá deireadh leis an nGaelscolaíocht.” Níor tháinig siad chugainn á phlé. Ní dóigh liom gur thuig siad an rud a bhí siad a rá. Ní raibh ann ach plean polaitiúil leis an Eaglais a chosaint agus ba chuma faoin nGaeilge.’ Sa mhullach air sin, creideann Ó Baoill go raibh seans ann go raibh tuismitheoirí na scoileanna eile in Eochaill ‘ag gearán le polaiteoirí go raibh na Gaelscoileanna ag déanamh rómhaith... léiríonn sé na rudaí a bhíonn ar siúl taobh thiar.’ Cibé ar bith, eagraíodh cruinnithe ar an mbaile ar cheist an chónasctha a d’éirigh ‘an-teasaí go deo.’ Is cuimhin le hÓ Baoill nár chuala sé ‘a rud de Bhéarla Chorcaí go dtí sin [GÁIRE].’ Mhínigh toscaireacht Gaelscoileanna na himpleachtaí a bheadh ag an gcónascadh do na tuismitheoirí agus, mar a deir Ó Baoill, dúradh gurb acu féin a bhí ‘an chumhacht é a stopadh.’ Moladh dóibh brú a chur ar na polait-eoirí áitiúla.⁵²

I ndeireadh na dála buadh an cath de bharr an bhuairimh a bhí ar aos polaitiúil an bhaile go gcaillidís vótaí. Cuireadh an dá scoil eile le chéile san aon fhoirgneamh amháin agus fuair an Ghaelscoil, arbh í an scoil ba mhó í, an foirgneamh eile, a bhí go breá. An rud a tharla ansin ná gur ‘stop siad de bheith ag déanamh aon iarracht scoileanna eile i mbailte eile a [chónascadh leis an nGaelscoil]. Agus murach gur bhuaigh muid an cath sin—agus ba iad na tuismitheoirí a bhuaigh é ar deireadh, anois fuair siad an-chuidiú uainn agus d’eagraigh muid go leor rudaí agus thug muid go leor poiblíochta don scéal—chuirfeadh sé deireadh leis an nGaelscolaíocht ar fad.’ Measann Ó Baoill go raibh fíorthábhacht leis an gcath úd i dtéarmaí neamhspleáchais na nGaelscoileanna a chinntiú, óir ba é an chéad chath, lasmuigh de na scoileanna a bhunú, a troideadh chun na Gaelscoileanna a chosaint a d’fhéadfadh an earnáil a scrios.⁵³

Ba ghearr go raibh ar Ghaelscoileanna an ghluaiseacht a chosaint ó ionsaí eile. An uair seo, tháinig sé trí na meáin, agus ó dhuine a bhí bainteach leis an nGaelscolaíocht tráth. Spreag ionsaí Ghearóid Uí Bhrádaigh ar an nGaelscolaíocht conspóid i leathanaigh litreacha an *Irish Times* i samhradh na bliana 1996. Ba ag freagairt ar alt a scríobh

52 Agallamh.

53 Agallamh.

Gearailt Mac Eoin sa nuachtán céanna, ina rinneadh cur síos ar an ‘*pidgin Irish*’ a chualathas i measc daltaí Gaelscoile, a bhí Ó Brádaigh. Scríobh Ó Brádaigh gur ‘*institutionalised deceit*’ a bhí sa Ghaelscolaíocht, de dheasca go raibh Béarla á labhairt i measc na ndaltaí, agus gur chruthaigh sé seo fadhbanna eiticiúla.⁵⁴ Ba ghearr gur tháinig litir eile sna sála ar cheann Uí Bhrádaigh. Ramhraigh Brian McNicholl, Ollamh Emeritus sa Phéidiatraic in Ollscoil na hÉireann Gaillimh, ar an scannal. ‘*It is internationally recognised*,’ a mhaígh sé, ‘*that the basic ground-work for a child’s education for their children should be through its home tongue*.’ Luadh sa litir chéanna nár chóir oideachas dátheangach a chur ach ar pháistí a bhfuil sainuimhir éirime sách ard acu.⁵⁵ Níor chuir lucht na Gaelscolaíochta fiacail ann agus iad ag tabhairt freagra ar na hionsaithe seo. Cháin Vivian Uíbh Eachach an ‘*fantasy and invective*’ a bhí le sonrú i litir Uí Bhrádaigh. B’íoronta an scéal a dúirt sé gur an lá céanna is a scríobh Ó Brádaigh an litir ionsaitheach óna theach i mBaile Átha Troim, bhí preasócáid ar an mbaile céanna ag fógairt Gaelscoil nua a bhí le bunú ann.⁵⁶ D’fhreagair údar an ailt a spreag an cath seo Ó Brádaigh chomh maith. Ba chúis bhróin é do Ghearailt Mac Eoin, gur baineadh leas as a alt sa chaoi sin.⁵⁷ Chun clabhsúr a chur ar an siar is aniar, scríobh Brenda Ní Shúilleabháin chuig an *Irish Times* chomh maith ag bréagnú tháta McNicholls. Ar cheist na sainuimhreach éirime, scríobh sí go raibh seans níos fearr gur chothaigh an dátheangachas sainuimhir éirime an pháiste, agus ar cheist an tumoideachais d’áitigh sí go raibh McNicholls mícheart mar gur léirigh corpas substaintiúil gur chun sochair d’oideachais na ndaltaí a chuaigh an cleachtas.⁵⁸

Ach ba é ceist na scoileanna gan aitheantas an cheist ba mhó a luadh i dtuairisc an fheidhmeannaigh, Jaqueline Ní Fhearghusa, in 1996. Ba bheag oibre a rinneadh i rith shamhradh na bliana sin, ‘ach amháin obair ar aitheantas a bhaint amach do na scoileanna gan aitheantas,’ tar éis don Aire Niamh Bhreathnach na rialacha maidir le haitheantas na scoileanna a athrú.⁵⁹ Idir 1992 agus 1995 tugadh cead do Ghaels-

54 Gearrthán ón *Irish Times*, an 1 Bealtaine 1996.

55 Gearrthán ón *Irish Times*, an 8 Bealtaine 1996.

56 Gearrthán ón *Irish Times*, an 13 Bealtaine 1996.

57 Gearrthán ón *Irish Times*, an 15 Bealtaine 1996.

58 Gearrthán ón *Irish Times*, an 16 Bealtaine 1996.

59 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Meán Fómhair 1996.

coilsceanna oscailt dá n-éireodh leo fiche dalta a bheith cláraithe ar an rolla thar an chéad dá bhliain. I samhradh na bliana 1996 chinn Bhreathnach cloí go daingean le focal na rialach sin nach n-osclófaí scoil ach amháin sa chás gur sroicheadh an tairseach 20 dalta sa chéad bhliain. Bhí an confadh ar fad ar lucht na nGaelscoileanna. Tagann tuairiscí nuachtáin an ama salach ar a chéile maidir le líon na nGaelscoileanna a raibh iarratas istigh acu agus an líon ar dhiúltaigh Bhreathnach dóibh. Rud a bhí soiléir, áfach, ná gur dhiúltaigh sí do dhornán in áiteanna ar nós an Bhaile Bric, Inis Córthaidh, Chluain Eois agus áiteanna eile nach iad.⁶⁰ Chinn Gaelscoileanna go n-osclódh na scoileanna gan aitheantas beag beann ar an roinn. Ar an 5 Meán Fómhair d'eagraigh Gaelscoileanna ollchruinniú tacaíochta i gcomhar le Conradh na Gaeilge agus Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Bhí os cionn 150 i láthair ag an gcruinniú. Bailíodh níos mó ná £500 chun tacú leis na scoileanna. Chuir sintiúis ó eagraíochtaí agus scoileanna amhail Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta, Coláiste Chamuis agus Gaelscoil Bhreifne, chomh maith le daoine aonaracha (m.sh. Daithí Ó Maolcoil-le, £25; Mícheál Ó Bréartúin, £20; Pádraig Ó Mórdha, £100) leis an bhfigiúr sin go dtí go raibh £1,475 ag an eagraíocht. Bhí £2,000 bailithe ag an gConradh chomh maith. Ach beartaíodh roimhe sin go mbeadh £200,000 mar sprioc don fheachtas, méid airgid a bhí ann chun cabhrú leis na seacht scoil gan aitheantas sna Sé Chontae chomh maith. D'fhág seo go raibh bearna ollmhór le líonadh go fóill. An tseachtain i ndiaidh an chruinnithe, ar an 12 Meán Fómhair, d'eagraigh Gaelscoileanna agus an Conradh scoil scairte taobh amuigh den Roinn Oideachais i mBaile Átha Cliath. Thart ar chéad duine a bhí i láthair. Thaisteal tuismitheoirí agus daltaí ó Ghaelscoil Eois, Gaelscoil Uí Fhiaich agus Gaelscoil Phádraig, mar aon le tuismitheoirí ó Ghaelscoil Inis Córthaidh, chomh fada leis an ardchathair don agóid.⁶¹ Ní raibh sé neamhghnách go mbeadh scoileanna Béarla buartha faoi Ghaelscoileanna ag tabhairt dúshlán dá gcuid uimhreacha. Ach le linn na conspóide faoi na Gaelscoileanna gan aitheantas cruthaíodh aighneas idir lucht na Gaelscolaíochta. I gcás Scoil Uí Riada, i gCill Choca, thacaigh an bord bainistíochta le cinneadh an Aire Bhreathnach i leith Ghaelscoil Uí Fhiaich i Má Nuad. Ba ar an mbonn go gcaillfí daltaí agus múinteoirí

60 *Irish Examiner*, an 22 Lúnasa agus an 3 Deireadh Fómhair 1996.

61 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Meán Fómhair 1996.

go Má Nuad a chinn lucht Chill Choca tacú le Bhreathnach. Scríobh cathaoirleach an bhoird, Donnachadha de Búrca, chuig Coiste Riartha Gaelscoileanna i Meán Fómhair 1996 go raibh ‘croí lucht na Gaeilge i gCill Dara Thuaidh briste agus scoilte’ agus gur chóir do Ghaelscoileanna ‘tacú leis an nGaelscoil bhunaithe seachas [a bheith] ag iarraidh scoilt a fhorbairt.’⁶² Thuairiscigh Ní Fhearghusa gur labhair sí le Brenda Ní Shúilleabháin, Príomhoide Scoil Chrónáin, faoin nGaelscoil a bhí beartaithe don Nás. ‘Cé gur fearr léi dá bhfanadh an grúpa bunaithe ar feadh cúpla bliain eile,’ arsa Ní Fhearghusa, ‘níl sí chomh buartha sin cé go bhfuil sí den tuairim go gcaillfidh sí múinteoir ar feadh bliana nó dhó.’^{63 64}

Is cuimhin le Ní Fhearghusa gur ‘drochbhliain’ a bhí ann nuair a diúltaíodh aitheantas a thabhairt do na scoileanna. ‘Bhí feachtas an-mhór ag an eagraíocht. D’oscail na trí scoil gan mhaoiniú. Bhí sé an-di-an ar na tuismitheoirí na múinteoirí a íoc. Tharla sé sin go mion minic thar na blianta in áiteanna éagsúla—tharla sé i gCill Rois, Béal Átha na Sluaighe, Clár Chlainne Mhuiris, Machain, go leor leor áiteanna éagsúla.’ Cé gur tugadh aitheantas do chuid de na Gaelscoileanna de bharr an fheachtais, dhiúltaigh Bhreathnach aitheantas a thabhairt do na trí cinn dheireanacha. B’éigean do Ghaelscoileanna dul chun na cúirte chun go réiteofaí an scéal ar deireadh. Braitheann Ní Fhearghusa go raibh:

cás dlí an-láidir againn bunaithe ar an gcoincheap sin, *legitimate expectation*. Bhí Gaelscoileanna roimhe sin tar éis aitheantas a fháil bunaithe ar choinníollacha áirithe, mar sin nuair a chuamar chun na Gaelscoileanna seo a bhunú cheapamar go mbeadh na coinníollacha céanna i bhfeidhm agus ní raibh. Tógadh cás cúirte agus ceann de na Gaelscoileanna—Gaelscoil Loch Garman—go Fear an Phobail agus thógadar cás leis siúd. Ach réitíodh é ar deireadh agus thug an roinn aitheantas siarghabhálach mar go raibh feachtas an-láidir ó Ghaelscoileanna. D’éirigh linn abhcóide agus *senior counsel* a fháil a bhí sásta obair [ar bhonn deonach] dúinn.⁶⁵

Cén fáth gur dhiúltaigh Bhreathnach do na Gaelscoileanna? I dtuairim Ní Fhearghusa nuair a tháinig deich n-iarratas isteach in aon

62 Donnachadha de Búrca, cathaoirleach bhord bainistíochta Gaelscoil Uí Riada chuig Coiste Riartha Gaelscoileanna, an 11 Meán Fómhair 1996.

63 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Jacqueline Ní Fhearghusa, Gaelscoileanna, Meitheamh 2001.

64 Gaelscoileanna, miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995–2001.

65 Agallamh.

bhliain amháin ‘is dócha go ndúirt sí léi féin “tá sé seo iomarcach. Beidh a deich scoil sin ag lorg foirgnimh.”’ Níor cabhair é, dar le Ní Fhearghusa, nach raibh ‘cúrsaí eacnamaíochta ró-iontach ag an am. Agus bhí a lán scoileanna nach raibh seomraí faighte [acu go fóill].’⁶⁶ D’fheabhsaigh cúrsaí cóiríochta diaidh ar ndiaidh. Mar a dúirt Ní Fhearghusa i gceann dá tuairiscí inmheánacha a scríobhadh i dtreo dheireadh na bliana 1998, ‘tá i bhfad níos mó airgid ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ná mar a bhí le blianta fada agus tá na fadhbanna cóiríochta á réiteach de réir a chéile.’⁶⁷ Mar sin féin, bhí fadhb ann an bhliain dár gcionn i Mainistir na Corann nuair a dhiúltaigh cigire áitiúil agus an tAire Oideachais Micheál Martin aitheantas a thabhairt don Ghaelscoil mar nach raibh na huimhreacha ‘i gceart.’⁶⁸ Bhí dalta is fiche sa scoil, idir naíonáin bheaga, naíonáin mhóra agus rang a haon agus a dó. Díol spéise arís é gur gheall ‘maoinitheoir Meiriceánach’ airgead a chur ar fáil trí Chistí na hÉireann chun tuarastal múinteora a íoc ar feadh bliana, mura mbeadh aitheantas faighte—é sin ráite, theastaigh ó Ghaelscoileanna agus tuismitheoirí na scoile an t-aitheantas oifigiúil a bhaint amach, óir bhí ‘laghmhisneach’ tar éis teacht ar na tuismitheoirí i gcaitheamh an tsamhraidh de bharr na conspóide uilig.⁶⁹

Tráth an ama chéanna bhí ceist an mhaoinithe don eagraíocht Gaelscoileanna féin ina cnámh spairne. Ardaíodh an cheist ag Comhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna i gCeatharlach i Márta na bliana 1995. Luaigh Leas-Uachtarán na heagraíochta, Vivian Uíbh Eachach, go raibh díomá air nach n-ardófaí maoiniú Bhord na Gaeilge do Ghaelscoileanna an bhliain sin. In 1994 fuair Gaelscoileanna £76,000 ón mBord agus £40,000 ón gCrannchur Náisiúnta chun dul i mbun oibre, tráth a raibh ceathrar ag obair go lán-aimseartha ann agus 123 Ghaelscoil faoina gcúram. Cháin Séamus Mac Seáin, a bhí ina ghobharnóir ar Mheánscoil Feirste, an t-airgead a thug an Crannchur Náisiúnta. Dúirt Mac Seáin gur ‘*chickenfeed*’ a bhí sa mhéid sin. Mar a scríobh Uinsíonn Mac Dubhghaill faoin méid a dúirt Mac Seáin, ‘*more lottery funds were spent on individual tennis courts than on Gaelscoileanna, yet few people were pre-*

66 Agallamh.

67 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Deireadh Fómhair 1998, 2.

68 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Meán Fómhair 1999.

69 *Ibid.*

*pared to raise their voices in protest.*⁷⁰ Mar sin féin, mar a mhíníonn Ní Fhearghusa, ‘osclaíodh cúig scoil is fiche nua le linn na tréimhse dhá bhliain go raibh an t-airgead ón [gCrannchur Náisiúnta] á fháil... is cinnte go mbeadh méid áirithe scoileanna bunaithe gan an t-oifigeach réigiúnach ach ní dócha go mbeadh an méid céanna scoileanna ann.’ Chomh maith leis sin chabhraigh Gael-Taca i gCorcaigh go mór le bunú cuid de na scoileanna sin. Chuir siad iarratas isteach go Roinn na Gaeltachta ag lorg airgid chun cur leis an scéim forbartha agus fuarthas airgead ionas go leanadís ar aghaidh ar feadh trí bliana eile, ‘bhí daoine iontacha ar nós Pháidí Uí Lionaird, Threasa Ní Mhainín ag obair linn.’⁷¹ Luann Uíbh Eachach go raibh cisteoir ag Gaelscoileanna, Micheál Ó Riabhaigh, agus oifigeach cistíochta, Seán Ó Núanáin, ‘a raibh ardscoileanna cistíochta acu.’ Bhí sé sin ‘an-tábhachtach dúinn mar, cé go raibh deontas againn ó Bhord na Gaeilge... agus úsáid oifige in áras an Bhoird againn, bhí an maoiniú teoranta, go háirithe agus fás mór faoin ngluaiseacht agus faoin eagraíocht.’ D’eagraíodh an bheirt sin seisiúin bhiongó in áiteanna éagsúla, ‘áit éigin in aice le Cluain Eois, go háirithe, más buan mo chuimhne... agus cruinníodh airgead suntasach don eagraíocht leis na himeachtaí sin.’⁷²

É sin ráite, deir Ní Fhearghusa go raibh go leor iarrachtaí ann chun airgead a dhéanamh i rith na mblianta sin, ‘ach bhí deacrachtaí leo ar fad, mar níorbh eagraíocht bailithe airgid sinn.’ Bhain an deacracht áirithe sin le comhdhéanamh na gluaiseachta a luadh roimhe seo. ‘Bhí taithí agus saineolas na mball go léir bainteach le cúrsaí oideachais,’ arsa Ní Fhearghusa, ‘agus ní raibh aon chur amach ag éinne—mé féin san áireamh—ar conas dul amach agus airgead a bhailiú cé go raibh airgead ag teastáil go géar ón eagraíocht.’⁷³ Tar éis don eagraíocht brú a chur ar an rialtas d’ardaigh an deontas a fuair Gaelscoileanna ó Bhord na Gaeilge ó £77,500 go £80,000 idir 1997 agus 1998 faoi seach. Chuir £20,000 a thug Ciste Idirnáisiúnta na hÉireann le hioncam na heagraíochta sa bhliain 1998. Ba ó tháillí cúrsaí, ballraíocht agus fógraí a tháinig formhór den chuid eile d’ioncam na heagraíochta isteach, £108,662 san iomlán. Mar sin féin, bhí caiteachas ábhalm-

70 Gearrthán ón *Irish Times*, an 27 Márta.

71 Agallamh le Ní Fhearghusa.

72 Agallamh le Uíbh Eachach.

73 Agallamh.

hór ag Gaelscoileanna chomh maith, £104,481. Bhain an chuid is mó den fhiigiúr sin, tuairim agus £60,000, le caiteachas ar thuarastail. Ba ar chostais reatha oifige, chothabhála agus taistil (tuairim is £17,000), deontais do na scoileanna (£4,250), iris na heagraíochta (£4,681), agus go leor nithe beaga eile a caitheadh an t-airgead. D'fhág seo go raibh farasbarr £4,181 ag Gaelscoileanna ag deireadh na bliana 1998.⁷⁴

Bíodh sin mar atá, d'éirigh le Gaelscoileanna leanúint leis an bpróiseas gairmiúlachta isteach sna 1990í. Bhí an eagraíocht réidh le leas a bhaint as teicneolaíocht nua a bhí á forbairt thart faoin am sin, an t-idirlíon. Bhunaigh Mícheál Ó Broin, ball de Choiste Riartha Gaelscoileanna, idirghréasán dár dteideal Gaeloidnet thart faoi 1998. Idirghréasán ab ea é le haghaidh na nGaelscoileanna agus thug Ó Broin cuireadh don eagraíocht Gaelscoileanna leathanach a chruthú dó. Bhí fadhb ann, áfach, sa mhéid is nach raibh 'na ríomhairí... san oifig cumhachtach go leor le déileáil leis an idirghréasán.⁷⁵ Faoin mbliain 2000 ba léir ó mhiontuairisc amháin de chuid an bhoird stiúrtha—'An tIdirlíon: níl an clárú déanta fós'—go raibh píosa le dul go fóill.⁷⁶ Ach ní fhéadfaí a rá go raibh Gaelscoileanna ag tarraingt na gcos mar a bhain sé leis an nGaelscolaíocht a dhaingniú mar pháirtí oideachais. Léiríodh é seo san fhonn a bhí ar lucht na heagraíochta comhoibriú le dreamanna eile. Mar shampla, bhí cruinniú ag Ní Fhearghusa le Ag Foghlaim le Chéile ar an 21 Márta 1999.⁷⁷ In 2001 bhí Áine Hyland, a bhí mar Leas-Uachtarán ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ar dhuine de bhunaitheoirí an chórais Ag Foghlaim le Chéile leis an oscailt oifigiúil a dhéanamh ar Chomhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna 2001 sular cuireadh ar ceal é de bharr an ghalair crúibe agus béil.⁷⁸ Go deimhin, i bpaimfléid a foilsíodh in 1996, mhaigh Ní Fhearghusa gur chabhraigh Ag Foghlaim le Chéile leis an nGaelscolaíocht trí spás a chruthú laistigh den chóras oideachais—spás ar leith nach raibh faoi smacht díreach an stáit air.⁷⁹ Lena chois sin, freastalaíodh ar imeachtaí

74 Cuntas ioncain agus caiteachais.

75 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Deireadh Fómhair 1997-1998.

76 Miontuairiscí an Bhoird Stiúrtha, 26 Feabhra 2000, Gaelscoileanna, miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, 1.

77 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Samhain 1999, 2.

78 Clár Chomhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna 2001, 3.

79 Ní Fhearghusa, Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge—Gaels-

de chuid ASTI. D'fhreastail Deirdre Ní Lúing ar sheimineár de chuid na heagraíochta, 'Education in the New Millennium,' i mí na Samhna 1997.⁸⁰ Agus fuarthas cuirí ó dhreamannaí forásacha eile sa tsochaí de réir mar a d'fhorbair earnáil na Gaelscolaíochta—thart faoi thús 1998 thug Gluaiseacht an Lucht Siúil cuireadh do Ghaelscoileanna freastal ar chomhdháil dár dteideal 'Travellers and Post-Primary Education.'⁸¹

Bhí líon na scoileanna ag méadú i gcónaí agus na cúramaí ag dul i méid dá réir. Ag tús 1999 chuir ceathrar fostaithe nua tús lena seal le Gaelscoileanna agus ceapadh go laghdódh sé seo an brú a bhí ar Ní Fhearghusa mar fheidhmeannach. Bhí sé 'i gceist oifig a chur i gcaithair Chorcaí agus i gceantar na Gaillimhe' chomh maith agus Oifigeach Oideachais a fhostú ionas oiliúint a chur ar na fostaithe nua chun 'obair leanúnach' a chinntiú. Chuige sin, bhí plean straitéiseach le cur le chéile ina mbeadh 'ardú suntasach airgid' á lorg tar éis dó bheith curtha i gcrích.⁸² I bhfómhar na bliana céanna, bhí an t-uailmhian céanna le brath arís nuair a tosaíodh ar chúrsaí oiliúna a leathadh amach faoin dtír. D'éirigh go maith le cúrsa oiliúna a réachtáladh sa Sciobairín, óir, mar a scríobh Ní Fhearghusa, 'd'fhreastail ionadaithe ó na boird bhainistíochta ar fad in Iarthar Chorcaí ar an gcúrsa.' Labhair Eoin Ó Laoire faoi ról an chathaoirligh, labhair Seán Ó Briain ar Ghaelscoileanna, thug Carmel Mhic Airt eolas faoi ról an phríomhoide agus labhair Con Ó Loinsigh ó Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí ar ról na dtuismitheoirí. Mar sin féin, ag seisiún den sórt céanna a eagraíodh i gCill Chainnigh ní raibh an tinreamh go maith in aon chor. Mar a dúirt Ní Fhearghusa, 'níor tháinig ach beirt chuig an gcúrsa agus cé gur lean mé féin, Dónaill Ó Baoill, Micheál Ó Máirtín (príomhoide i gCill Chainnigh) agus Pádraigín Uí Fhiondair (tuismitheoir ó Cheatharlach) ar aghaidh leis an gcúrsa, bhí an slua an-bheag ar fad.'⁸³

Dul chun cinn suntasach a rinneadh an tráth seo ná nuair a rinneadh corprú ar an eagraíocht Gaelscoileanna i Nollaig na bliana 1999. Glacadh an cinneadh d'aonghuth ag cruinniú urghnách an mhí roimhe

coileanna, 1996.

80 Comhfhreagras Gaelscoileanna, 'Litreacha Ginearálta,' an 7 Feabhra 1998.

81 Comhfhreagras Gaelscoileanna, 'Litreacha Ginearálta,' an 7 Feabhra 1998.

82 Miontuairiscí ar chruinniú de Choiste na nOifigeach, an 20 Márta 1999, 2.

83 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Deireadh Fómhair 1998, 3.

sin. Mar a mhínigh litir chuig príomhoidí na nGaelscoileanna ag tús na bliana úir, ba iad na príomhchúiseanna a bhain leis an gcinneadh ná: ‘cosaint dlíthiúil a thabhairt do bhaill an Choiste Riartha i gcoinne aon chásanna cúirte’; go mb’fhearr leis an Roinn Oideachais ‘a bheith ag plé le heagraíochtaí a bhfuil seasamh dlíthiúil acu,’ agus go gcuirfí ‘ar chumas na heagraíochta cás cúirte a thógaint más gá.’ Bord Stiúrtha a tugadh ar an gCoiste Riartha as sin amach, athraíodh an modh a ainmníodh daoine chun freastal ar an gcruinniú cinn bliana, agus athraíodh ainm oifigiúil na heagraíochta go Gaelscoileanna Teo.⁸⁴ Tugann Uíbh Eachach léargas ghéarchúiseach ar an smaointeoireacht taobh thiar den chinneadh:

Thuigeamar go raibh an t-am tagtha go ndéanfaí eintiteas dlíthiúil den eagraíocht agus, sa chás sin, go mbeadh struchtúr cuideachta againn agus gurbh é an Coiste Riartha an bord stiúrtha agus an t-uachtarán an cathaoirleach ar an mbord stiúrtha agus go mbeadh príomhfheidhmeannach againn, is é sin an riarthóir a bhí againn go dtí sin. Chuidigh sé sin linn agus sinn ag plé leis an roinn agus leis na comhpháirtithe eile mar go bhféadfaí an cheist a chur “Bhuel, cé sibh féin?” agus bhíomar ábalta a rá “Bhuel, is cuideachta sinn—tá stádas dlíthiúil againn.” Is dóigh liom gur chuidigh sé sin go mór linn ó thaobh ár seasaimh de, mar bhíomar á éascú dóibh siúd a bhí ag plé linn glacadh lenár gcuid *bona fides*.⁸⁵ Go deimhin, d’éirigh linn leas a bhaint as ár stádas nua chun aitheantas oifigiúil mar mholtóir d’iarrthóirí i dtoghcháin an tSeanaid a bhaint amach.⁸⁵

Le fada an lá bhí iarrachtaí ar bun ag lucht na Gaelscolaíochta an Ghaeilge a thabhairt ‘amach gheataí na scoile.’ Ag dúnadh le deireadh na 1990í cuireadh scéim straitéiseach chun an sprioc úd a bhaint amach. Chuaigh beirt de na hoifigigh nuafhostaithe i mbun oibre ar scéim dár dteideal ‘Deiseanna úsáide labhairt na Gaeilge’ in 1999. Bhain an scéim seo le gnólachtaí, scoileanna Béarla agus an pobal áitiúil a spreagadh chun an teanga a labhairt. Beartaíodh go n-eagrófaí imeachtaí sóisialta, ranganna Gaeilge, cúrsaí ríomhaireachta, sraith léachtaí nár bhain go sonrach le cúrsaí teanga, ceardlanna, agus cainteanna. Moladh, chomh maith, go mbunófaí ‘coistí idirscoile’ chun na scoileanna áitiúla a chur ag obair le chéile agus go ndéanfaí Gaelscoileanna a nascadh le

84 Nóra Ní Loinsigh thar ceann Iarla Mhic Aodha Bhuí, Rúnaí Oinigh, Gaelscoileanna go Príomhoidí na nGaelscoileanna, gan dáta.

85 Agallamh.

scoileanna sa Ghaeltacht agus turais a eagrú eatarthu.⁸⁶ I gcaitheamh na bliana 1999 ba í Úna Guerin, a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath, a bhí freagrach as cur chun cinn na scéime i dtuaisceart Chill Mhantáin, oirthuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath, cuid de thuaisceart Chathair Bhaile Átha Cliath, ar an gCabhán, i Muineachán agus i gContae Lú. Ba í Treasa Ní Mhainín, a bhí lonnaithe in oifig shealadach i gCathair Chorcaí, a raibh cúram na scéime uirthi do cheantar Thuamhan agus Iarthar Chorcaí. Eagraíodh cruinnithe chun an scéim a mhíniú i Sciobairín, Luimneach, Carraig Mhachaire Rois, Bré agus Baile Átha Cliath.⁸⁷ Fearacht go leor seifteanna roimhe sin chuir easpa maoinithe srian ar éifeacht na scéime. Mar a dúradh i dtuairisc ar dhul chun cinn na scéime i dtreo dheireadh na bliana, léirigh na múinteoirí agus na boird bhainistíochta ‘díomá... nach mbeadh aon chiste airgid ann chun cabhrú leo an scéim a chur i bhfeidhm sna scoileanna, cé go rabhadar an-bháúil leis an mbunsmaoineamh.’ Mheas na scoileanna ar fad ‘go mbeadh costas ag baint leis an scéim a fheidhmiú agus dúradh go mbeadh sé deacair í a fheidhmiú nuair nach raibh airgead de shaghas éigin ag dul leis chun cabhrú leo díol as imeachtaí breise a eagrú.’⁸⁸ Faoi thús Mí Eanáir na bliana 2000 bhí cath chun aitheantas a fháil do Ghaelscoil Mhainistir na Corann buaite. Ba mhór an buntáiste é seo do Ní Mhainín, óir bhí níos mó ama aici plé leis an scéim a chur i bhfeidhm i gCúige Mumhan. Dá ainneoin sin, ba léir go raibh an fhadhb chéanna leis an scéim i gcónaí—dúradh ag cruinniú den bhord stiúrtha thart faoin ama seo gur ‘ceapadh nach raibh an scéim raidiciúil go leor go fóill agus nach n-éireodh leis an Ghaeilge a leathnú amach ó na scoileanna.’⁸⁹ Faoi mhí Feabhra bhí Guerin tar éis éirí as a post le Gaelscoileanna agus b’éigean don eagraíocht duine nua a fhóstu. Tuairiscíodh go raibh ‘an-chuid deacrachtaí ag baint leis an scéim, go háirithe i gceantar Bhaile Átha Cliath.’ Dúradh, lena ais sin, nach raibh ‘go leor airgid ag teacht.’ Bunaíodh fochoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim. Ba iad Dónal Ó hAiniféin, Niall Ó Murchadha, Cathal Ó Luain, Mícheál Ó Riabhaigh, Seán Ó Briain, agus Tomás Ó

86 Tuairisc ar dhul chun cinn na scéime ‘Deiseanna úsáide labhairt na Gaeilge,’ Deireadh Fómhair 1999, 3-4.

87 *Ibid.*, 1.

88 *Ibid.*, 2.

89 Miontuairiscí an Bhoird Stiúrtha, an 22 Eanáir, 1.

Munghaile a roghnaíodh chun obair an fhochoiste a chur i gcríoch.⁹⁰ Ach, is cosúil, in éagmais aon mhaoiniú substaintiúil, go ndeachaigh an scéim go tóin poill.

Bíodh is nár éirigh chomh maith sin leis na hiarrachtaí naisc láidre a chruthú idir na Gaelscoileanna i gcoitinne agus na pobail ina raibh siad lonnaithe, bhí naisc de shaghas eile, naisc idirnáisiúnta, á bhforbairt i rith an ama. Bhí tús curtha le gluaiseacht na Gaelscolaíochta ón gcéad lá i ndáiríre le naisc a thógáil le gluaiseachtaí oideachais mionteangacha. Ach chuaigh na hiarrachtaí sin i dtreis le linn na tréimhse seo de réir mar a d'fheabhsaigh cúrsaí riaracháin agus gairmiúlachta Gaelscoileanna agus mar a rinne buanú ar roinnt mhaith Gaelscoileanna. Thosaigh feachtas ar son scoil Ghaeilge i nDún Éideann ag bailiú nirt ag tús na tréimhse seo. In 1996 sheol an Conradh Ceilteach comhfhreagras chuig Coiste Riartha Gaelscoileanna ag iarraidh orthu tacaíocht a thabhairt do bhunscoil Ghaeilge in Albain. Mhínigh Cathal Ó Luain, a bhí ina chathaoirleach ar an gConradh Ceilteach agus ina bhall de Choiste Riartha Gaelscoileanna, 'gur tacaíocht i bhfoirm litreacha chuig na húdaráis a bhí ag teastáil.' Shíl Seán Ó Nuanáin gur chóir do Ghaelscoileanna 'aon chabhair nó comhairle is féidir a thabhairt.' Aontaíodh go gcuirfeadh baill uile an choiste riartha litreacha tacaíochta. Luaigh Ó Luain, chomh maith, go raibh coinbhinsiún i leith na mionteangacha á réiteach do UNESCO agus go raibh gá tacú leis.⁹¹ Sa bhliain 2000 tugadh cuireadh do Brian Stowel as Manainn, duine de phríomhghníomhairí teanga na tíre sin, agus ionadaí as Comann nam Parant, Dún Éideann, freastal ar an gcomhdháil áit ar thug siad caint os comhar na comhdhála.⁹² Ag an ócáid chéanna chuir Scoil Iognáid rún faoi bhráid na comhdhála 'go mbunófaí nasc idir Gaelscoileanna agus na scoileanna in Albain a mhúineann trí mheán na Gaidhlig (sic).'⁹³ Go gairid ina dhiaidh sin, in Aibreán na bliana 2000, thug Comhairle Chathair Glaschú cuireadh d'ionadaí Gaelscoileanna a bheith i láthair ag oscailt oifigiúil Bun sgoil Ghàidhlig Ghlaschu.⁹⁴

90 Miontuairiscí an Bhoird Stiúrtha, an 26 Feabhra 2000, 1.

91 Miontuairiscí an Choiste Riartha, an 15 Meitheamh 1996.

92 Miontuairiscí an Bhoird Stiúrtha, an 25 Márta 2000, 2.

93 Rúin do Chomhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna, 2000.

94 Comhairle Cathrach Ghlaschú go Gaelscoileanna, an 3 Aibreán 2000, 2.

Ag Comhdháil Gaelscoileanna an bhliain dár gcionn, díriodh ar shaineolas lucht na Breataine a roinnt le gníomhairí agus oideachasóirí na Gaelscolaíochta. Bhí Tony Shrivane, gníomhaire teanga agus múinteoir Breataine, le seimineár a thabhairt ag an gComhdháil dár dteideal ‘Developing bilingual skills in a curricular context in the primary school,’ ach cuireadh an Chomhdháil ar athló de dheasca an ghalair cruíbe agus béil.⁹⁵ Thart faoin am seo d’fhreastail lucht Gaelscoileanna—Eoin Ó Tuama, Máire Ní Shlata, Dónall Ó Conaill, Nóra Ní Loingsigh—ar chruinniú de chuid CAER in Óstán Eryl Mor i mBangor na Breataine Bige in earrach na bliana 2000. Ba iad Cliff Davies, Merionna Pryce Jones and Helen Ellis ionadaithe lucht oideachais na Breataine Bige ag an gcruinniú, agus ba í Catherine Johnson an t-aon Albanach a bhí i láthair. Pléadh todhchaí agus bunreacht na heagraíochta, a bunaíodh in 1995, agus aontaíodh go mbeadh cruinniú cinn bliana ar siúl i gCaerdydd san fhómhar.⁹⁶ Comhartha eile go raibh dlús ag teacht leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta seo agus go raibh tionchar acu ar an nGaelscolaíocht ná go raibh Mór-Thionól CAER ar siúl in Ionad Oideachais Dhroim Chonrach i mBaile Átha Cliath in 1999. Bhí lámh ag Eoin Ó Tuama agus Dónall Ó Conaill ina heagrú agus labhair leithéidí Helen Ó Murchú, Stiúrthóir ar Chomhar na Múinteoirí Gaeilge, agus Jacqueline Ní Fhearghusa ar chúrsaí bainistíochta, Phil Kelly, Oifigeach Teanga i Roinn Oideachais Oileán Mhanainn ar an gcóras oideachais Manainnise, agus lucht oideachais ón mBreatain Bheag amháil Peter Griffiths, Príomhoide i Llanharri, agus Gareth Jones, Príomhoide i Ceredigion, a labhair ar an taithí acu siúd, chomh maith le Meldwyn Pryse ó Powys a labhair ar ‘Úsáid teanga sa bhun agus sa mheán oideachas—féidirtheachtaí (sic).’⁹⁷ Lean an fás sin ar aghaidh sna blianta 2000–2009 nuair a thuairiscigh *Carn* in 2004 ‘*Caer, the Education Society of the European Regions, is going from strength to strength as evidenced by its very successful annual conference held in Dublin in mid-October last with the assistance of Gaelscoileanna.*’⁹⁸

Agus daltaí na nGaelscoileanna a bunaíodh le linn bhorradh na 1980í ag teacht in inmhe don iar-bhunscolaíocht sna 1990í thosaigh

95 Clár Chomhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna 2001, 3.

96 Tuairisc ar chruinniú CAER, Bangor, an 12 Feabhra 2000, 2.

97 Clár do Mhór-Thionól CAER 1999.

98 *Carn*, uimh. 124, Geimhreadh 2003/4, 13.

ceist maidir le soláthar Gaelcholáistí ag teacht go cnámh na huillinne. I bhfómhar na bliana 1995 rinne Conradh na Gaeilge achainí thar ceann thuismitheoirí Scoil na gCeithre Máistrí i mBaile Átha Luain maidir le Gaelcholáiste a bhunú sa bhaile. D'fhreagair rúnaí sa roinn darbh ainm Don Thornhill dó, gurb é 'polasaí na roinne soláthar a dhéanamh d'oideachas dara leibhéal trí Ghaeilge do cheantar ar leith nuair is féidir a bheith sásta go mbeidh dóthain éilimh air i láthair na h-uaire agus sa todhchaí.' Dúradh, anuas air sin, go raibh 'mionscrúdú' á dhéanamh ag oifigigh na roinne ar an iarratas agus go gcuirfí an toradh in iúl do Choiste Gairmoideachais Chontae na hIarmhí.⁹⁹ Bunaíodh Gaelcholáiste Átha Luain trí bliana ina dhiaidh sin in 1998.¹⁰⁰ Is cosúil gur bunaíodh é mar aonad, agus gur chlis air ina dhiaidh sin sna blianta idir 2000 agus 2009. B'fhadhb leanúnach iad na haonaid a bunaíodh an tráth seo. Bhí go leor thuismitheoirí i mbailte éagsúla ar fud na tíre ag caint ar iar-bhunscoileanna a bhunú, dar le tuairisc Uí Fhearghusa sa bhliain 1999. Tuigeadh go raibh fadhbanna leis na haonaid Ghaeilge a bhí ag feidhmiú, cuid acu a raibh ábhair a múineadh acu trí Bhéarla agus go mbeadh fadhbanna 'móra' ag baint leo sa todhchaí. Chreid Ní Fhearghusa go raibh seans maith 'go dtiocfaidh droch-cháil ar an oideachas dara leibhéal lán-Ghaeilge' de bharr chóras na n-aonad.¹⁰¹ I dtuairim Uí Ainiféin,

chuaigh an roinn i dtús na 1990í i muinín aonaid iar-bhunscoile a bhunú. An sop in áit na scuibe. Droch-chinneadh aonaid a chuir isteach i scoileanna VEC Béarla, an bhfuil a fhios agat? Agus theip ar an gcuid is mó de na haonaid. Thosnaíodh agus dhúnadh tar éis roinnt blianta agus iad sin a mhair is ag snámh in aghaidh easa atá siad i gcónaí. Mar ní féidir iar-bhunscoil lán-Ghaeilge a bhunú laistigh de scoil a bhfuil an Béarla mar mheán teagaisc. Tá sé ar nós a bheith ag iarraidh dul síos go dtí Ballyhale Shamrocks le liathróid peile faoi d'ascail agat agus iarracht a dhéanamh an chaid a chur chun cinn i measc na gcamán.¹⁰²

Aontaíonn Ní Fhearghusa leis an tuairim sin, go raibh an roinn ag iarraidh iad siúd a bhí ag éileamh Gaelcholáistí neamhspleácha a bhrú i dtreo na n-aonad, agus gur bhain an claonadh sin, i ndeireadh

99 Don Thornhill, Rúnaí, an Roinn Oideachais chuig Seán Mac Mathúna, Conradh na Gaeilge, an 12 Deireadh Fómhair.

100 *Westmeath Independent*, an 11 Aibreán 2003.

101 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Samhain 1999, 2.

102 Agallamh.

le dála, ‘le cúrsaí airgid.’ Anuas air sin, bunaíodh roinnt aonad róthapa dar léi. ‘Bhí pobal ann ar nós Aonach Urmhumhan a bhí ag iarraidh [Gaelcholáiste] agus ní raibh ach Gaelscoil amháin friothálach, *so* in ionad [Gaelcholáiste] láidir a bhunú idir Aonach Urmhumhan agus Durlais Éile bunaíodh dhá aonad agus theip ar an dá cheann, mar ní raibh an t-éileamh ann i gceart.’ ar sí. ‘Ansin nuair a tharlaíonn sé sin, nuair a theipeann ar aonad bíonn sé an-deacair scoil a bhunú mar cean-glaíonn daoine oideachas lán-Ghaeilge ag an dara leibhéal le teip.’¹⁰³

Cé go raibh Gaelscoileanna á mbunú i gcónaí bhí fadhbanna leanúnacha ag an eagraíocht Gaelscoileanna. Bhí fadhb an phainéil agus an brú a bhí ann glacadh le múinteoirí nach raibh caighdeán maith Gaeilge acu fós ag dó na geirbe in áiteanna, mar a léirigh rún a chuir Gaelscoil Lios Tuathail os comhar na comhdhála bliantúla sa bhliain 2000.¹⁰⁴ An bhliain dar gcionn tuairiscíodh go raibh ‘fadhb fhorleathan’ ann le soláthar múinteoirí agus líon na múinteoirí a bhí ag cur isteach ar phoist i nGaelscoileanna. I mBaile Átha Cliath bhí ceist an phainéil ag cur isteach ar na Gaelscoileanna go fóill. Ní raibh an painéal glanta agus duine amháin fágtha air, rud a chiallaigh nach raibh na Gaelscoileanna a bhí faoi phátrúnacht an ardeaspais in ann poist a fhógairt. Sa mhullach air sin, chreid Ní Fhearghusa, go raibh ‘múinteoirí ag bogadh i bhfad níos mó ná mar a bhí fiú cúig bliana ó shin.’ Rinne Ní Fhearghusa, Seán Ó Briain, Príomhoide Scoil Neasáin, Deirbhle Nic Con Gamhna agus Príomhoide Ghaelscoil Thaobh na Coille, Eimear Mhic Connradha, camchuart ar na hollscoileanna uilig sa stát. Le linn na camchuart labhraíodh le hábhar oidí a bhí sa tríú bhliain, ag iarraidh iad a ghríosadh chun dul ag múineadh i nGaelscoil.¹⁰⁵

Níorbh aon chabhair don eagraíocht ionsaithe ó leithéidí an tSeana-dóra Joe O’Toole, Ard-Rúnaí Chumann Múinteoirí Éireann. I gcomhthéacs díospóireacht ar ghanntanas múinteoirí iomlán cáilithe de bharr easpa cáilíocht sa Ghaeilge sna Sé Chontae Fichead scríobh O’Toole alt sa *Sunday Tribune* i bhfómhar na bliana 2000 a mhaígh go raibh 6,000 múinteoir mar bhaill Chumann Múinteoirí Éireann i dTuaisceart Éireann ach nach dtabharfadh an stát fostaíocht dóibh ‘because

103 Agallamh le Ní Fhearghusa.

104 Rúin do Chomhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna 2000.

105 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Meitheamh 2001.

*they're afraid of their bloody lives of the church and the Gaelscoileanna lobby.*¹⁰⁶ Mheas Coiste Riartha Gaelscoileanna gur ghá don eagraíocht ‘gníomhú faoin ionsaí.’ Ba cheart, a dúradh, bunmhúinteoirí sna scoileanna a spreagadh chun an cheist a thógáil ag gach cruinniú craoibhe de chuid an cheardchumainn. Moladh go n-iarrfaí cead ó eagarthóir an nuachtáin alt a sholáthar ‘a cheartódh an t-eolas míchruinn.’ Anuas air sin, tháinig an dlí isteach sa scéal agus bhí comhairle dlí faighte ag Ní Fhearghusa. Mhol Breandán Mac Cormaic ‘an dlí a chur ar an iris-eoir’ mar ‘nach leor gearán a dhéanamh leis na Gardaí faoi.’ Ach má theastaigh ó roinnt den bhord go gcuirfí an dlí air, ba leor do bhaill eile alt a scríobh mar fhreagra. Mar sin féin, socraíodh ‘go ndéanfaí fiosrú faoi chás dlí a thógaint’ agus go n-iarrfar cruinniú le O’Toole chun míshástacht Gaelscoileanna a chur in iúl dó.¹⁰⁷

Ní nach ionadh go raibh Gaelscoileanna ar buile le Cumann Múinteoirí Éireann, a bhí go fóill ina cheardchumann inar mhothaigh lucht na Gaelscolaíochta imeallaithe. D’fhreastail Ní Mhaoláin ar chomhdhálacha bhliantúla an cheardchumainn i rith na tréimhse seo, tráth a raibh firicí ‘míchruinne’ á scaipeadh faoin nGaelscolaíocht laistigh den eagraíocht, ‘ag caint mar gheall ar pháistí nach mbeadh in ann Béarla a léamh agus ag tabhairt amach faoin saghas cleachtas a bhí ar siúil agus ag sciobfaí uimhreacha.’ Is cuimhin le Ní Mhaoláin go raibh lucht na Gaelscolaíochta a bhí ann ‘an-óg’ agus, de bharr sin, bhí sé ‘an-dheacair an fód a sheasamh i gcoinne na rudaí a bhí á rá dáríre.’ Creideann sí go raibh sé go dona an tslí ar caitheadh leis an nGaelscolaíocht. Ag féachaint siar air, ar sí, ‘ba chóir go mbeadh náire ar Chumann Múinteoirí Éireann an tslí gur dhein siad déileáil leis an rud.’ Ní raibh sí ‘aibí go leor é a fheiscint ag an am, ach bhíodar fós ag tógaint airgid uainn agus bhíodar ag caint mar gheall ar shaghas oideachais agus an ghluaiseacht agus ag an am céanna bhíodar á gcur iad féin chun cinn mar shlánaitheoirí na Gaeilge ag an mbunleibhéal.’ Chuaigh an meon sin i léig, ar sí, ‘de réir mar a tháinig níos mó [Gaelscoileanna] ar an bhfód’ agus, go raibh ‘níos mó múinteoirí bainteach...’ leis an gceardchumann.¹⁰⁸

106 *Sunday Tribune*, an 3 Meán Fómhair 2000.

107 Miontuairiscí an Choiste Riartha, 14 Deireadh Fómhair 2000, 3.

108 Agallamh le Ní Mhaoláin.

Níor léir do gach éinne go leanfadh an fás as cuimse an tráth seo, óir bhí iarrachtaí gan rath i gcúpla áit go dtí gur éirigh leis na bunaitheoirí. Nuair a chuaigh Ní Fhearghusa ar cuairt go Blarna roimh don scoilbhliain tosú in 2001 thuig sí ‘go tapa nach raibh ach duine nó beirt a bheadh ag teacht’ chun na scoile don chéad lá scoile. I dteannta an phríomhoide, chaith sí ‘uaireanta a chloig... ag dul ó theach go teach’ agus iad ag iarraidh an togra a tharrtháil ag an nóiméad deireanach. ‘Thuigeamar tar éis tamaill,’ ar sí, ‘nach n-éireodh linn breis leanaí a mhealladh roimh an Luan.’ Beartaíodh a chur in iúl don Rannóg Pleanála sa roinn agus an cigire áitiúil nach mbeadh an scoil ag dul ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn. Idir an dá linn, thángthas ar réiteach le húinéir an fhoirgnimh ina raibh an scoil le bheith ar cíos ar feadh seal eile go dtí go mbeadh socrú níos fearr déanta.¹⁰⁹ Bhíodh caint chomh maith ar ‘scoileanna a iompú’ ó am go chéile mar chuid den Scéim Deiseanna úsáide labhairt na Gaeilge a bhí a brú chun cinn ag Gaelscoileanna an uair sin. Chuir bean amháin, a bhí ag obair le Glór na nGael, Gaelscoileanna ar an eolas faoi scoil i gceantar beag tuaithe darbh ainm Cuillinn, i gContae Chorcaí, ar theastaigh uathu iompú ar an nGaeilge. Bhí Ní Fhearghusa le bualadh léi agus cathaoirleach bhord bainistíochta na scoile chun an cheist a phlé i rith shamhradh na bliana 2001. In Abhainn an Scáil, Co. Chiarraí, bhí príomhoide amháin a raibh sé ar intinn aici scoil a iompú chomh maith. Ach mar a scríobh Ní Fhearghusa, ‘níl sí tar éis é a phlé leis an mbord bainistíochta ná leis na tuistí go fóill,’ agus is cosúil nár eascair aon rud uaidh.¹¹⁰ Níor éirigh le ceachtar den dá áit na scoileanna náisiúnta acu a iompú ina nGaelscoileanna. Áit eile nár éirigh le seift a bhí ar intinn acu ná Trá Lí. De réir mar a bhí Gaelscoil Mhic Easmainn ag fás tháinig tuilleadh brú ar an gcóiríocht agus b’éigean litreacha diúltaithe a sheoladh chuig roinnt tuismitheoirí ar an mbaile. Chinn craobh de Chonradh na Gaeilge, le tacaíocht ó Threasa Ní Mhainín, tabhairt faoi scoil eile a bhunú ar an taobh den bhaile a raibh fás ag teacht uirthi. Dhiúltaigh an roinn aitheantas a thabhairt ar an mbonn go raibh Gaelscoil ann cheana agus go bhféadfaí tuilleadh múinteoirí a chur leis. Theastaigh ón gConradh an cás a throid agus an scoil a oscailt go neamhoifigiúil. Ach mheas Ní

109 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Meán Fómhair 2001.

110 Tuairisc ar dhul chun cinn na scéime ‘Deiseanna úsáide labhairt na Gaeilge,’ an 27 Meitheamh 2001, 3–4.

Fhearghusa, in éagmais tuismitheoirí gníomhacha i gcroílár an togra, ‘nach n-éireoidh le scoil eile sa bhaile ach amháin má tá coiste fíor láidir (sic) ann atá sásta an scoil a oscailt go neamhoifigiúil.’¹¹¹

Os a choinne sin, bhí rath ar na hiarrachtaí bonn ní ba mhó a chur leis an maoiniú a bhí á fháil ag Gaelscoileanna, rud a tharla i gcomhthéacs bhunú Foras na Gaeilge. Mar a deir Ní Fhearghusa, ‘bhí an eagraíocht ag maireachtaint ar phingíní go dtí gur éirigh linn deontas ceart a fháil ó Fhoras na Gaeilge... tháinig ardú an-mhór ag an bpointe sin.’¹¹² Ba sa bhliain 2001 a fuair Gaelscoileanna an t-ardú deontais sin, tráth ar ceadáíodh £250,000 don eagraíocht. Is ag brath go hiomlán ar airgead stáit a bhí an eagraíocht faoin tráth seo, óir níor tháinig ach mionairgead isteach ó fhoinsí eile amhail an táille clárúcháin €35 a d’íoc gach scoil.¹¹³ Mar a luaigh Ní Fhearghusa don Choiste Riartha; ‘bhí teorann agus bacanna uafásacha orainn le blianta beaga anuas toisc nach raibh maoiniú ceart nó dóthain foirne againn.’ Bheadh deis ann uaidh sin amach, ar sí, ‘tús a chur le ré nua don eagraíocht.’¹¹⁴ Léiríodh ‘an t-uafás suime’ sna postanna nua a cruthaíodh agus ceapadh go mbeadh an triúr nua in ann tosú i rith an tsamhraidh. D’fhág seo gur mhéadaigh líon na bhfostaithe lán-aimseartha i nGaelscoileanna ó bheirt go cúigear i rith 2001.¹¹⁵ Bhí seisear fostaithe le Gaelscoileanna faoi 2002: stiúrthóir; leas-stiúrthóir; feidhmeannach; rúnaí, agus beirt oifigeach réigiúnacha. Mar a mhínigh Ní Fhearghusa, agus í faoi agallamh le *Beo* in 2002, bhí sé mar sprioc aici anois agus an fhoireann seo faoina cúram go n-ardófaí líon na ndaltaí a bhí ag fáil a gcuid oideachais trí Ghaeilge faoi thrí uaidh sin go ceann deich mbliana—ó 28,501 go thart ar 90,000.¹¹⁶ Faoi dheireadh na tréimhse 1994-2001, agus in aineoinn na gconstaicí a cuireadh roimhe, bhí gluaiseacht na Gaelscolaíochta sna Sé Chontae Fíchead ag breathnú i dtreo an todh-

111 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Meán Fómhair 2001.

112 Agallamh.

113 *Beo*, eagrán 11, Márta 2002.

114 Jaqueline Ní Fhearghusa chuig stiúrthóirí Gaelscoileanna, an 24 Aibreán 2001.

115 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Jacqueline Ní Fhearghusa, Gaelscoileanna, Bealtaine 2001.

116 Jaqueline Ní Fhearghusa chuig stiúrthóirí Gaelscoileanna, an 24 Aibreán 2001.

chaí ar bhonn dearfach. Ó thuaidh, mar a mhíneofar sa chéad chaibidil eile, bhí rath ar an ngluaiseacht chomh maith de bharr obair na gníomhaithe ar an talamh agus athruithe polaitiúla a bhí ag titim amach ag leibhéal an stáitín.

Advanced Review Copy

CAIBIDIL 4:

**FORBAIRT NA GLUAISEACHTA SNA SÉ
CHONTAE, 1994-2008—‘IT’S A NUMBERS’ GAME
BEING PLAYED BY THE DEPARTMENT’**

FAOI 1994 BHÍ OCHT NGAELSCOIL sna Sé Chontae (Bunscoil Phobal Feirste, 1971; Bunscoil Cholmcille, 1983; Bunscoil an Iúir, 1983; Gaelscoil na bhFál, 1986; Scoil na Fuiseoige, 1992; Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, 1993; Bunscoil Lúraigh, 1993; Bunscoil Bheann Mhadagáin, 1994). Bhí formhór acu i mBéal Feirste, bhí ceann amháin i gContae an Dúin agus péire i gContae Dhoire, gan aon cheann go fóill i dTír Eoghain, Fear Manach ná Ard Mhacha. An cath ba shuntasáí sna meáin ná an cath chun aitheantas a fháil do Choláiste Feirste (nó Meánscoil Feirste mar a glaoth uirthi an tráth sin), a bunaíodh in 1991. Bhí Meánscoil Feirste ag feidhmiú ar a conlán féin i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich gan ach maoiniú an phobail le trí bhliana nuair a thuairisc an *Irish News* ‘*the fight for state funding has taken the school into the political arena.*’ In 1994 phléigh Tánaiste na Sé Chontae Fíchead, Dick Spring, ceist an mhaoinithe le Státrúnaí na Ríochta Aontaithe sna Sé Chontae, Sir Patrick Mayhew, ag cruinniú den Chomhdháil Angla-Éireannach. D’fhógair Roinn Gnóthaí Eachtracha na Sé Chontae Fíchead go leanfaí leis an gceist a ardú trí Rúnaíocht Maryfield. Sa mhullach air sin, bhí bord bainistíochta na hiar-bhunscoile ag tógáil cás chuig Cúirt na hEorpa ar an mbonn nach rabhthas ag caitheamh léi ar aon chéim le scoileanna a bhí ag feidhmiú trí mheán na Breatnaise. Céad dalta a bhí ar scoil i Meánscoil Feirste an tráth sin agus bhí an Roinn Oideachais ag diúltú aitheantas agus maoiniú a thabhairt ar an mbonn go gcaithfí 300 dalta a bheith ann—‘*well short of meeting the minimum viability requirements,*’ a dúradh. Mhínigh Fergus O’Hare, príomhoide na scoile, bunús an fheachtais;

in previous campaigns around the Irish language there have been pickets and demonstrations with a high media profile, designed to embarrass the relevant authorities. We purposefully set out with the intention of not running such a campaign—with the intention of allowing the Department of Education for once to be seen to be doing the honourable thing—not to be seen to have been reluctantly dragged in screaming and protesting, but unfortunately after four years we have had to look at the situation as regards to taking the case to Europe and putting political pressure in the various ways because the department

*hasn't seen fit to fund the school and recognise the necessity of it.*¹¹⁷

San am céanna fógraíodh san *Irish News* go raibh Meánscoil Dhoire le hoscailt i mí Mheán Fómhair na bliana 1994. Bheadh deichniúr ar an rolla agus bhí maoiniú faighte ón bpobal, maoinitheoirí Éireannach-Meiriceánacha san áireamh, mar nach raibh airgead ar bith le teacht ón stát. Dúirt Tomás Ó Donghaile, rúnaí choiste na scoile, leis an nuachtán, *'it's a numbers' game being played by the department, which is not taking into consideration the fact that Gaelic education is a new development.*¹¹⁸ Níor éirigh leis an iarracht iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge an tráth sin i nDoire. Mar sin féin, an bhliain chéanna léirigh pobal Gaelscolaíochta na Sé Chontae go raibh borradh ag titim amach, beag beann ar iarrachtaí an stáit. Thuairiscigh Jim Andrews ar an *Andersontown News* faoin ócáid Gaelspórt '94; *'Education Minister Michael Ancram will be given a red card next week when Irish schools across the North gather in West Belfast for a mammoth sporting event.'* Mar a mhínigh Bríd Uí Dhonnghaile le Andrews, *'it will be as much a celebration of our strength in spite of the obstacles put in our path as much as a competition.'*¹¹⁹

De bharr an fháis a bhí ag tarlú is féidir na struchtúir Ghaelscolaíochta a d'fhorbair ag leibhéal an stáit sna Sé Chontae an tráth seo a rianú. In 1995, bhí leithéidí an ghníomhaí teanga Bhóthar Seoighe Séamus Mac Seáin ag argóint i gcoinne na críochdheighilte i dtéarmaí na Gaelscolaíochta ag Comhdhálacha Bliantúla Gaelscoileanna. *'Irish-medium education, both North and South, should be following the same curriculum,'* a dúirt sé, *'if people are talking about amalgamating the two education systems as a whole, because the country is too small to have two education systems, then it makes all the more sense that the small Irish-language sector should be amalgamated immediately.'*¹²⁰ Agus an plé ag tarlú faoi bhunú COGG¹²¹ sna Sé Chontae Fichead (a chíorfar níos mine thíos), bhí na Sé Chontae á thabhairt san áireamh go pointe. Míníonn Dónall Ó Baoill, a raibh baint aige leis an taighde a bhí ar bun an tráth sin chun lárionad don scolaíocht lán-Ghaeilge a bhunú sna Sé Chontae Fichead, *'tháinig lucht*

117 Gearrthán ón *Irish News*, gan dáta cruinn, c.1994.

118 *Ibid.*

119 Gearrthán ón *Andersonstown News*, an 18 Meitheamh 1994.

120 Gearrthán ón *Irish Times*, an 27 Márta 1995.

121 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.

na Roinne Gnóthaí Eachtracha chugainn ag rá an raibh aon rud againn go bhféadfadh siad a úsáid. Agus thug siad a lán-chuid den stuif a bhí againn agus d'úsáid siad é chun cuidiú leis an Ghaelscolaíocht i dTuaisceart Éireann... Bhain siad úsáid as agus déarfainn go bhfuil sé istigh [i gComhaontú Aoine an Chéasta] a rinneadh ag an am.¹²² Anuas air sin, mhol Conradh na Gaeilge go gcuirfí 'nithe breise' le hAlt 31 den Bhille Oideachais (Uimh. 2, 1997). Scríobh ardrúnaí na heagraíochta chuig Micheál Martin in Aibreán na bliana 1998 ag moladh fo-alt a chuir leis an mBille a leag 'dualgas sonrach' ar COGG 'comhoibriú le scoileanna lán-Ghaeilge Thuaisceart Éireann agus na seirbhísí... a fhorbraíonn an Chomhairle a chur ar fáil do na scoileanna sin, chomh maith.'¹²³ Ag an am céanna is a bhí an t-acht nua oideachais á achtú, bhí athruithe ag tarlú i réimse an oideachais sna Sé Chontae faoi Alt 89 de Chomhaontú Aoine an Chéasta. Bheadh comhairle Gaelscolaíochta, ar a ghlaofaí Comhairle na Gaelscolaíochta ar ball, le bunú ina dhiaidh sin. Bhí 'imn?' ann go mbunófaí comhairle Gaelscoileanna nua sna Sé Chontae Fíchead chomh maith agus 'go gcuirfí an eagraíocht [Gaelscoileanna] ar ceal nuair a bhunaítear an struchtúr nua.'¹²⁴ Bhí buairt ar Ghaelscoileanna mar gheall ar bhunú eagraíocht eile trasteorann, Foras na Gaeilge. Ag cruinnithe den choiste riartha ina dhiaidh sin, dúradh go raibh 'an-bhaol i mbunú an Fhorais agus ina théarmaí tagartha a thugann cead dó a ladar a chur isteach in obair Gaelscoileanna.' Theastaigh ón eagraíocht 'a chinntiú go mbeidh ar a laghad ionadaí amháin de chuid Gaelscoileanna ar an Fhoras.'¹²⁵ An bhliain dár gcionn bhí Ní Fhearghusa ceaptha ar bhord Fhoras na Gaeilge, rud a thug 'glór dúinn don (sic) chéad uair' san eagraíocht nuabhunaithe.¹²⁶

Ba é an tuiscint a bhí i réim, mar sin agus Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) á fhorbairt in 1998, ná go bhforbrófaí struchtúir neamhspleácha don Ghaelscolaíocht ar dhá thaobh na teorann. D'eisigh Roinn Oideachais na Sé Chontae páipéar comhairleach dár dteideal *Arrangements for Promoting Irish-Medium Education* sa bhliain 1999. I

122 Agallamh le hÓ Baoill.

123 Seán Mac Mathúna, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge chuig Micheál Martin, an tAire Oideachais, an 17 Aibreán 1998.

124 Miontuairiscí an choiste riartha, an 23 Eanáir 1999, 2.

125 Miontuairiscí ar chruinniú de Choiste na nOifigeach, an 20 Márta 1999, 3.

126 Miontuairiscí an bhoird stiúrtha, an 22 Eanáir 2000, 2.

réamhrá an pháipéir míníodh gur ó théarmaí Chomhaontú Bhéal Feiste agus an Education (NI) Order 1998 a d'eascair sé. *'The purpose of this consultation paper,'* a dúradh, *'is to consider possible arrangements for the establishment and funding of a promotional body for Irish-medium education.'*¹²⁷ Ba as an méid sin, agus as eagraíochtaí deonacha amhail Gaeloiliúint, a d'eascair Comhairle na Gaelscolaíochta, a bhí le bheith ina macas-amhail de Ghaelscoileanna na Sé Chontae Fichead. D'fhógair Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann, ar a raibh Martin McGuinness, Sinn Féin, i bhfeighil mar Aire Oideachais, i bhFeabhra na bliana 2000 go mbunófaí Comhairle na Gaelscolaíochta de bharr an dualgais reachtúil úd chun an Ghaeilge a chur chun cinn faoi théarma Chomhaontú Aoine an Chéasta. Fógraíodh, sa mhullach air sin, go gcuirfí ciste iontaobhais do na Gaelscoileanna sna Sé Chontae ar bun chomh maith agus go mbeadh £500,000 ar fáil dó. Ba léir go raibh fuadar faoin roinn agus McGuinness. *'My intention,'* a dúirt sé, *'is that both bodies should be established quickly and my aim is that they should be operational by April this year.'*¹²⁸ Tugadh faoi athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir a bhain le scoil a bhunú chomh maith—bhí cúig dhalta is fiche cláraithe ag teastáil chun go bhfaigheadh bunscoil aitheantas agus ochtó i gcás iar-bhunscoile. Ba é aidhm an phróisis, i bhfocail McGuinness, ná *'to conduct an urgent review of the viability criteria with the aim of reducing the required annual intake for secondary schools to fifty pupils and the required intake for primaries to fifteen in urban areas and twelve in rural areas.'*¹²⁹ Faoi dheireadh na bliana, agus in ainneoin freasúra ón DUP, d'fhógair McGuinness na critéir nua, rud a chuir áthas ar lucht na Gaelscolaíochta agus lucht na scoileanna imeasctha araon.¹³⁰ Bhí práinn i gceist le hathruithe den saghas sin a chur i bhfeidhm, óir bhí dosaen scoil gan aitheantas sna Sé Chontae thart faoin am seo. Ina measc bhí Gaelscoil an Chreagáin in Ard Mhacha—scoil nár éirigh leis oscailt riamh. Ach tugadh aitheantas do bhunscoileanna in Inis Ceithleann, ar an Srath Bán agus in Oileán an

127 *Arrangements for Promoting Irish-Medium Education*, Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann, 1999.

128 Preasráiteas, an tAire Martin McGuinness, Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann, an 11 Feabhra 2000, 1; *Derry Journal*, an 15 Feabhra 2000.

129 Preasráiteas, an tAire Martin McGuinness, Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann, an 11 Feabhra 2000, 2.

130 *Belfast Telegraph*, an 19 Nollaig 2000.

Ghuail in achar gairid i ndiaidh an athraithe.¹³¹ Chomh maith leis sin, éascaíodh an t-aistriú ó Bhunscoil Lúraigh go haonad i scoil Bhéarla, St. Brigid's Primary School i dTír Chiana, Co. Dhoire, mar a mhíníonn Niall Ó Catháin:

Bhí Sinn Féin i mbun oideachais ag an am, *sa...* bhí muid in ann an scoil a thógáil. Choinnigh muid i dteagmháil leis an SDLP fosta ag cur an oiread brú agus is féidir. Go príomha, cé go raibh Máirtín Mac Aonghusa ina aire oideachais ag an am, níl an méid sin cumhachta ag an aire nuair atá scoil CCMS [*Council for Maintained Catholic Schools*] i gceist. Níl an oiread go dtiocfadh leo a dhéanamh ach iarracht a dhéanamh an próiseas a dhéanamh níos simplí agus sin an rud a tharla. Bhí muid in ann ceangal isteach leis an scoil agus rinne siad iarracht sin a bhrú chun cinn agus sin an rud a tharla—taobh istigh de na rialacha a bhí ann ag an am... Ní raibh mórán eile go dtiocfadh leis na polaiteoirí a dhéanamh ach an oiread.¹³²

Deacrachtaí maoinithe an gad is gaire don scornach do na scoileanna gan aitheantas. I mí Feabhra 2000 tháinig scéal go raibh ‘an maoinitheoir Meiriceánach ag tarraingt siar óna chuid ceangal sna Sé Chontae.’ D’fhág seo go raibh na Gaelscoileanna neamhaitheanta faoi bhrú ollmhór i dtaobh airgid de. Bhí buairt ar Ghaeilíúint, chomh maith, nach ndearna an t-iar-Aire Oideachais Micheál Martin go leor dóibh agus é anois éirithe as a phost. Pléadh an ligfí do Chomhairle na Gaelscolaíochta ‘seilbh a ghlacadh ar fhreagrachtaí uilig i leith an Ghaeilíochais sna Sé Chontae.’¹³³ An mhí dar gcóinn, nuair a bhuail Bord Stiúrtha Gaelscoileanna le chéile ar an 25 Márta, ba chosúil go raibh ‘an maoinitheoir Meiriceánach’ fós toilteanach cabhrú le Gaelscoileanna na Sé Chontae a bhí gan aitheantas agus gealladh £180,000. Moladh go gcuirfí litir chuige ‘thar ceann an Bhoird Stiúrtha chun ár meas is ár mbuíochas a chur in iúl dó.’¹³⁴

Toradh amháin eile a bhí ag Comhaontú Aoine an Chéasta ná gur chabhraigh an t-airgead nua a bhí le fáil anois le cúrsaí Gaelscolaíochta sna Sé Chontae Fíchead. Nuair a bhuail Coiste Oifigeach Gaelscoileanna le chéile in Eanáir na bliana 1999 bhí pleananna Chomhdháil Bhliantúil na heagraíocht a chur ar siúl i mBéal Feirste. Ba sa Hilton nó san Europa a bheadh an chomhdháil i mí Aibreáin. Bheadh ceardlan-

131 *Strabane Chronicle*, an 21 Nollaig 2000.

132 Agallamh.

133 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Feabhra 2000, 2.

134 Miontuairiscí an Bhoird Stiúrtha, 25 Márta 2000, 1.

na ar an measúnú, riachtanais speisialta oideachais agus múineadh an Bhéarla sa Ghaelscoil á reáchtáil. Togra i gcomhar le Gaeloiliúint a bhí sa chomhdháil, cé go raibh formhór an mhaoinithe (£18,000—níos mó ná cúigiú de theacht isteach Gaelscoileanna ag an am) á sholáthar ag eagraíocht na Sé Chontae. Chreid Coiste na nOifigeach de Ghaelscoileanna gur tábhachtach an radharc é ainm an dá eagraíocht a bheith ar na seastáin in aice an ardáin.¹³⁵ Dá mhéad an dlúthpháirtíocht idir lucht na Gaelscolaíochta sa dá dlínse bhí siad ag feidhmiú anois i gcomhthéacsanna éagsúla agus eagraíochtaí acu chun tabhairt faoi na dúshláin éagsúla a bhain leis sin. Mar léiriú eile ar an mbearna na tosaíochtaí a bhí ag Gaelscoileanna in 1999, díríodh ar an gcath chun aitheantas a fháil don Ghaelscoil i Mainistir na Corann, Co. Chorcaí, agus cinneadh tús a chur le hachainí náisiúnta a ndéanfaí leathnú amach air ‘chun cabhrú le scoileanna na Sé Chontae *má éiríonn linn* [mo bhéim féin] i Mainistir na Corann.’¹³⁶ Mar sin féin, tríd is tríd, díol suntais ab ea an fás a tháinig ar an nGaelscolaíocht sna Sé Chontae i ndiaidh Chomhaontú Bhéal Feirste in 1998, McGuinness a bheith san aireacht oideachais ó 2000 ar aghaidh agus bunú Chomhairle na Gaelscolaíochta in 2002. Mar a léiríonn an tábla ag barr na rannóige, bunaíodh sé cinn déag de Ghaelscoileanna nó aonaid lán-Ghaeilge sna Sé Chontae idir 1998 agus 2007, nó beagnach dhá scoil sa bhliain, gan trácht ar na naíonraí agus grúpaí Gaeilge a bunaíodh. Tá scéal beacht ar chuid den ghníomhaíocht sin ag an leibhéal logánta sna Sé Chontae le fáil i gCaibidil 12 thíos. Ach, don am i láthair, fillfear ar dheisceart na tíre agus Contae Phort Láirge.

135 Miontuairiscí ar chruinniú de Choiste na nOifigeach, an 19 Eanáir 1999, 2.

136 Miontuairiscí an Choiste Riartha, an 18 Meán Fómhair, 1-2.

CAIBIDIL 5:

**GAELSCOIL NA nDÉISE, 1996—‘NÍ CÓIRÍOCHT
ÁLAINN A CHUIREANN AN FHOGHLAIM IS FEARR
CHUN CINN’**

BUNAÍODH GAELSCOIL Phort Láirge i mBaile Gunnair ar imeall Chathair Phort Láirge thiar i lár na 1980í. De réir mar a bhí na 1990í ag dul ag aghaidh aithníodh go raibh tuilleadh éilimh ann sa cheantar agus cinneadh an dara Gaelscoil a chur ar an bhfód. Thug an tAire Bhreathnach aitheantas don Ghaelscoil i mí Lúnasa 1996. Cé gur thug sé suntas don mhoill a bhí ar an Aire an t-aitheantas a thabhairt, bhí ríméad ar John Hallisey, cathaoirleach bhord bainistíochta na Gaelscoile, nuair a labhair sé leis an *Munster Express* agus tús na scoilbhliana 1996/1997 ag teannadh leis.¹³⁷ Bhí an scoil ann ó 1995, agus é ag feidhmiú gan aitheantas, nuair a ghlac T.J. Ó Ceallaigh post an phríomhoide in 1996, tar éis dó a bheith i mbun feachtais leis na bunaitheoirí roimhe sin. Daithí Kimber, ó Ghael-Taca, an duine a d’fhorbair an Ghaelscoil an chéad lá, arsa Ó Ceallaigh. ‘D’imigh siad amach ag fiach agus ag fiosrú agus bhailigh siad roinnt tuismitheoirí le chéile. Tháinig an t-éileamh ón ngrúpa sin an chéad lá.’ Thacaigh Gael-Taca leis an scoil go leanúnach ina dhiaidh sin chun tráth na gceist agus imeachtaí maoinithe den sórt sin a reáchtáil. Cosúil le cuid de na hoideachasóirí eile a tháinig i dtreo na Gaelscolaíochta an am sin, níor tógadh Ó Ceallaigh le Gaeilge ná sa Ghaeltacht agus ní bhfuair sé Gaelscolaíocht ach oiread. D’fhreastail sé ar scoil lán-Bhéarla, ach ‘nuair a bhíos óg i gcónaí bhíos fiosrach agus bhí an Ghaeilge mar theanga chumarsáide na scoile ag na múinteoirí ann. Thaitin Gaeilge liom ó naíonáin bheaga ar aghaidh agus bhí fonn orm na scéalta a bhí le roinnt ag na múinteoirí eatarthu féinig a thuiscint, mar i gcónaí bhí cuma orthu go raibh siad thar a bheith spéisiúil ag bun an tseomra ag caint mar gheall ar pháistí eile nó pé rud é. Spreag sé sin spéis ionam iad siúd a thuiscint.’ D’fhreastail sé ar mheánscoil lán-Bhéarla agus chuaigh sé ar aghaidh ansin go Coláiste Mhuire Gan Smál.¹³⁸

Bhí se níos coitianta an tráth sin, agus Gaelscoileanna á mbunú agus daoine a bhí inniúil sa Ghaeilge de dhíth, go dtabharfaí post

¹³⁷ *Munster Express*, an 23 Lúnasa 1996.

¹³⁸ Agallamh le hÓ Ceallaigh.

príomhoide do dhuine óg gan mórán taithí bainistíochta a bheith acu. ‘De thimpiste ansin fuair mé post buan i nGaelscoil,’ arsa Ó Ceallaigh, ‘ní raibh mé riamh ar shocrúchán scoile i nGaelscoil, ní raibh mé riamh taobh istigh de dhoras Gaelscoile ná scoil Ghaeltachta agus bhíos go tobann mar phríomhoide ar [Ghael]scoil nuabhunaithe i bPort Láirge.’ D’fhoghlaim sé go tapa, a deir sé. Bhí foireann óg ann agus iad díograiseach, ach bhí ceisteanna aige faoin oideolaíocht sa tumoideachas, rud a spreag é chun máistreacht a bhaint amach, rud a lig dó an fhoghlaim sin a leabú ina chuid múinteoireachta. Ach bhí ceisteanna eile fágtha, mar shampla ‘conas cruinneas a chomhtháthú in oideolaíocht an tumoideachais agus feasacht teanga an mhúinteora tumoideachais. Bhí go leor ceisteanna eile agus ní raibh freagraí ag éinne.’ Bhí siad de shíor ag caint ar na fadhbanna sin sa seomra foirne, rud a las tine faoi chun tabhairt faoin ndochtúireacht.¹³⁹

Fad is a bhí cúrsaí oideolaíochta á bhforbairt ag Ó Ceallaigh bhí an nGaelscoil ag fás chomh maith agus b’éigean dó aghaidh a thabhairt ar ghnéithe eile de riaradh scoile. Leagann sé béim ar na rudaí uilig a bheadh ar phríomhoide ar Ghaelscoil nuabhunaithe a bheith ag plé leis—cúrsaí bolscaireachta, cúrsaí cóiríochta, chomh maith le cúrsaí riaracháin—ach ba mhúinteoir é ag deireadh an lae agus an rud a bhí tábhachtach dó ná oideachas d’ardchaighdeán trí Ghaeilge a chur ar fáil. Ach de bharr na mbearnaí i gcúrsaí inniúlachta spreagadh ‘an fhoireann ar fad’ chun tabhairt faoin taighde i mbealaí éagsúla. Bhí meascán de mhúinteoirí le canúintí éagsúla—daoine ón Rinn, Tír Chonaill agus áiteacha eile ach ‘chuir éagsúlacht canúna go mór le heispéireas teanga foghlama na leanaí... bhí siad inniúil ar theangacha agus ar fheasacht teanga.’ Tháinig na páistí ó abhantrach an-leathan, a chuimsigh thart ar shé pharóiste dhéag. Chabhraigh an naíonra go mór le dúshraith a leagan don Ghaelscoil. Cosúil le formhór na nGaelscoileanna, bhí fadhbanna cóiríochta le sárú ag an tús, mar is cuimhin le hÓ Ceallaigh:

Bhí orainn an scoil a scoilt ar feadh tréimhse. B’fhéidir go raibh trí bliana ann go raibh dhá nó trí rang i bhfoirgneamh eile taobh linn. Bheadh ort dul amach agus siúl suas síos an tsráid ansin agus aon mhúinteoir breoite nó in easnamh bheadh ort na leanaí a bhreith leat agus na cathaoirreacha os a gcomhair agus iad ag siúl suas síos, rud nach bhfuil le moladh na laethanta seo. Ní fheicféa a leithéid anois. Ach ní Peig Sayers mé agus níl mé ag iarraidh dul siar, ach tá sé ait ar fad a bheith ag smaoineamh, ní raibh sé

139 Agallamh le hÓ Ceallaigh.

rófhada ó shin agus bhíomar díreach i lár na cathrach agus an trácht ar fad.
Ach d'éirigh linn.¹⁴⁰

Tá foirgneamh nua-aimseartha ag Gaelscoil na nDéise anois. Tá ionad teicneolaíochta agus leabharlann ar an gcampas acu. Ina theannta sin, tá scoil Ag Foghlaim le Chéile ar an láthair chéanna, rud atá neamhghnách, b'fhéidir, ach atá spéisiúil go cinnte i gcomhthéacs na hiomaíochta a bhraitear atá ann idir fás an dá earnáil le blianta beaga anuas. Go deimhin, nuair a bhí an láthair nua á lorg bhí an dá scoil ag feachtasaíocht le chéile lena haghaidh. Arsa Ó Ceallaigh:

Tá siad ag obair le chéile agus tá an dá scoil an-mhór anois. Is dócha nuair a bhíos ann bhí Ag Foghlaim le Chéile nua freisin agus bhí an-ghaol eadrainn mar scoileanna. Bhí éiteas ar leith ag an dá scoil, Gaelscoil Chaitliceach, Ag Foghlaim le Chéile Ilchreidmheach, an Ghaeilge, an Béarla. Roghnódh an tuismitheoir an scoil dá bharr. Níor bhrath aon scoil go raibh an scoil eile mar bhagairt. Agus bhí an caidreamh an-mhaith le múinteoirí a earcú, maidir le seirbhísí a sholáthar, maidir le hacmhainní a fháil, maidir le comhairle a lorg.¹⁴¹

Ní hamháin sin ach tá caidreamh maith idir Gaelscoil na nDéise agus scoileanna eile sa cheantar máguaird. Bíonn scoileanna an cheantair buartha i gcónaí nuair a bhunaítear scoil nua a mhaíonn Ó Ceallaigh. Mar sin rinneadh iarracht gaol áirithe a chothú leo:

Is cuimhin liom gur tháinig na scoileanna lán-Bhéarla ar cuairt chugainn. Bhí saghas malartú ranga i gceist. Bhí tionscadail éagsúla ar bun againn chun an caidreamh sin a shaibhriú leis na scoileanna mórtimpeall orainn. Go háirithe i rith Sheachtain na Gaeilge, tháinig na scoileanna lán-Bhéarla chugainn. Bhí malartú eolais agus malartú cleachtais ar siúl go leanúnach, mar tá sé sin an-tábhachtach. Tú féin a bhrú chun tosaigh sa cheantar, go háirithe nuair a bhíonn an scoil nua, mar cinnte dearfach, ní bhíonn fáilte roimh scoileanna nua ó scoileanna eile.¹⁴²

I ndiaidh fhorbairt na Gaelscoile díriodh ar Ghaelcholáiste a bhunú, rud a bhí níos dúshlánaí. 'Bhí sé níos deacra,' arsa Ó Ceallaigh, 'creidiúint na dtuismitheoirí a chinntiú sa Ghaelcholáiste. Níor imigh an-chuid de na tuismitheoirí trasna chuig an nGaelcholáiste mar cheap siad go raibh siad ag dul sa seans, mar [go raibh] na hábhair agus na gráid agus an Ardeist ag bagairt. Bhí sé go breá sa bhunscoil

140 Agallamh.

141 Agallamh.

142 Agallamh.

trí Ghaeilge, ach [ba scéal eile é] sa mheánscoil trí Ghaeilge agus teanga na bitheolaíochta, teanga na ceimice agus grád agus marc i gceist. Níor bhog cuid acu go dtí an Gaelcholáiste mar bhí siad buartha nach n-oibreodh sé do na leanaí a bhí acu siúd.’ Conas is féidir an meon sin a sháru? Trí taighde a thaispeáint do na tuismitheoirí? Tá rud níos luachmhara ná taighde agus fíricí a deir Ó Ceallaigh—‘sé sin ‘eispéireas an dalta agus eispéireas an tuismitheora a léiriú.’ Ach, ag an am, ní raibh sé d’acmhainn acu sin a dhéanamh agus bhí orthu brath ar an taighde, rud nár oibrigh i gcónaí. ‘Ceapann [na tuismitheoirí] go bhfuil an taighde bainteach le rud éigin eile, níl an taighde bainteach leis an gcomhthéacs speisialta áitiúil atá acu féin. An rud is fearr a oibríonn ná taithí, na scoláirí agus na tuismitheoirí a chur ag caint ar oícheanta oscailte na scoile.’ D’fhág Ó Ceallaigh Gaelscoil na nDéise in 2002 chun tabhairt faoi réimsí eile den oideolaíocht ar an tumoideachas. Ag breathnú siar ar a thréimhse sa Ghaelscoil, an bhféadfadh sé a mhéar a leagan ar an bhfáth go raibh borradh ag tarlú in earnáil na Gaelscolaíochta sna 1990í? ‘Bhíomar chomh gafa leis an scoil,’ a mhíníonn Ó Ceallaigh, ‘nach raibh deis againn féachaint timpeall [GÁIRE]. Níl a fhios agam dáiríre. N’fheadar an féidir liom a rá go raibh borradh náisiúnta ann. Is dócha go raibh na múinteoirí againne chomh gafa ag iarraidh an scoil a dhíol agus a chinntiú go raibh tinreamh sláintiúil againn ó bhliain go bliain, go raibh na huimhreacha ag teacht chugainn go nádúrtha.’ Ceacht a d’fhoghlaim sé mar a bhaineann sé leis an nGaelscolaíocht, agus leis an scolaíocht trí chéile d’fhéadfá a rá: ‘b’fhéidir go bhfuil áit éigin suarach ag an scoil, ach tá sé uilig ag brath ar cad a tharlaíonn sa seomra ranga agus an caidreamh atá ag an bpobal scoile leis na foghlaimeoirí. Ní cóiríocht álainn a chuireann an fhoghlaim is fearr chun cinn... Uaireanta bíonn foirgneamh álainn ag scoil ach bíonn rudaí eile in easnamh.’¹⁴³ Ba léir go raibh éiteas an-láidir mar a bhain sé leis an tumoideachas i réim i nGaelscoil na nDéise ag an am. Mar a léireofar sna leathanaigh amach romhainn bhí ceisteanna a bhain le héiteas—sé sin éiteas reiligiúnach—fós gan réiteach.

143 Agallamh le hÓ Ceallaigh.

CAIBIDIL 6:
AN FORAS PÁTRÚNACHTA, 1994-1996—
‘CUMHACHT NA HEAGLAISE CAITLICÍ
A LAGHDÚ SNA SCOILEANNA’

B'ÚDAR DÓCHAIS DO CHUID MHAITH de lucht na Gaelscolaíochta bunú Ghaelscoil an Ghoirt Álainn thiar in 1993. Osclaíodh an doras d'fhorbairt forais pátrúnachta a bhí neamhspleách agus in oiriúint don Ghaelscolaíocht. Tá cáipéis inar rianaigh Breandán Mac Cormaic stair an Fhorais Pátrúnachta áisiúil mar go dtugann sé comhthéacs leathan ar an scéal. Tugadh suntas sa cháipéis don Dalkey School Project, a bunaíodh in 1978, mar gurb é sin 'an chéad uair gur ligeadh d'aon scoil, seachas na modhscoileanna, dul faoi chóras pátrúnachta nach raibh díreach ceangailte le heaglais éigin.' Idir an tréimhse sin agus tús na 1990í bunaíodh ceithre scoil déag ilchreidmheacha, ach bhí 'gach ceann acu faoi phátrúnacht comhlachta teoranta gan scairchaipiteal.' D'fhág seo go raibh ceithre chomhlacht déag bunaithe go neamhspleách ar a chéile. Nuair a tháinig grúpa bunaithe Ghaelscoil an Ghoirt Álainn le chéile sa bhliain 1993 theastaigh scoil ilchreidmheach uathu, ach níor theastaigh uathu go mbunófaí comhlacht ar mhaithe le scoil amháin mar a rinneadh go dtí sin. D'iarr na tuismitheoirí sin ar Ghaelscoileanna córas pátrúnachta a bhunú 'a d'fhéadfadh scoileanna d'aon aicme creidimh a thógaint faoina phátrúnacht.' Bunaíodh an Foras Pátrúnachta an bhliain chéanna, 1993, agus 'tugadh aitheantas [don eagraíocht] mar phátrún ar Ghaelscoil an Ghoirt Álainn.' Ba chóras 'iomlán daonlathach' a bhí i gcóras an Fhorais, mar, seachas uachtarán agus leasuachtarán Gaelscoileanna, ba iad na scoileanna a d'ainmnigh na stiúrthóirí eile.¹⁴⁴ Ba léir go raibh an Foras Pátrúnachta airdeallach ar fhás Fhoghlaim le Chéile. Nuair a bhí an Foras ar tí iompú ina chomhlacht teoranta gan scairchaipiteal cúpla bliain i ndiaidh a bhunaithe bhí téarmaí mheamram agus airteagal comhlachais Fhoghlaim le Chéile á gcíoradh acu.¹⁴⁵

Luíodh isteach ar bhonn láidir a chur faoin bhForas sna blian-

144 Breandán Mac Cormaic go Mícheál Ó Gruagáin, *Príomhfheidhmeannach Bhord na Gaeilge*, an 28 Lúnasa 1995, 2.

145 Deirdre O'Donoghue, *Comhordaitheoir Fhoghlaim le Chéile chuig ionadaithe éagsúla*, an 8 Meán Fómhair 1995.

ta 1994-1996 ach go háirithe. Le linn an phlé faoi bhunú Ghaelscoil an Ghoirt Álainn is cuimhin le Dónall Ó Baoill cruinniú amháin idir lucht na Gaelscolaíochta agus Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, ‘fear an-staidéarach’ agus ‘coimeádach déarfainn’ a chur in iúl dóibh “nár bunaíodh [Gaelscoil] riamh [gan Easpag].” Ach bhí lucht na Gaelscolaíochta diongbháilte nach mbeadh easpag mar phátrún ar Ghaelscoil an Ghoirt Álainn. Bhí plé ann ansin faoi cén bealach a dtiocfadh siad thart ar an tsáinn agus chuaigh siad ‘ar leataobh’ ar feadh tamaill. Chreid siad mura dtabófaí an deis sa chruinniú sin go gcaillfear é. Mar a mhíníonn Ó Baoill, ‘chuaigh muid síos tríd an mbunreacht go léir agus scrios muid amach na rudaí faoi Easpag’ agus d’aontaigh an roinn leis an mbunphrionsabal:

Bhain sin preab as cúrsaí oideachais ansin mar thug sé cumhacht don Fhoras Pátrúnachta a bheith i láthair ag cruinnithe ar bith stáit nó leis an Roinn Oideachais nó pleanáil nó aon rud, gheofa cuireadh. Agus bhí muid ann chomh maith, ag na billí éagsúla oideachais agus gach rud a bhí ag tarlú. Agus is mar gheall ar an scoil sin agus an duine amháin sin i gCorcaigh go bunúsach a d’éiligh an córas a bhunú, agus tá sé ann ó shin.¹⁴⁶

Reáchtáladh an chéad chruinniú foirmiúil den Fhoras Pátrúnachta an bhliain dár gcionn, 1994, in Óstán an Cashel Palace, Caiseal, Co. Thiobraid Árann. Moladh agus glacadh leis go mbeadh Breandán Mac Cormaic mar chathaoirleach ar an eagraíocht. Ba iad Dónall Ó Baoill, Treasa Ní hEachthigheirn agus Séamus Ó Súilleabháin baill eile an Fhorais a bhí i láthair, mar aon le Jacqueline Ní Fhearghusa thar ceann Gaelscoileanna. Aontaíodh, chomh maith, ar na coinníollacha go gcaithfeadh scoileanna a chomhlíonadh chun go nglacfaí isteach faoi phátrúnacht an Fhorais iad:

Go gcaithfeadh an scoil a bheith ina scoil lán-Ghaeilge

Go gcaithfeadh an scoil a léiriú don Fhoras go raibh tuiscint acu ar cad is brí le Scoil lán-Ghaeilge

Go gcaithfeadh an scoil cloí le haidhmeanna na Gaelscolaíochta mar atá siad leagtha amach i dTreoirleabhar Gaelscoileanna

Go gcaithfeadh an scoil a chinntiú go bhfuil an bord bainistíochta ag feidhmiú trí Ghaeilge

Go gcaithfeadh an scoil árachas a thógáil amach a chlúdódh an Foras faoi *public liability* (sic)

Go gcaithfeadh an scoil cuntais chearta airgid déanta amach ag iniúcháirí a chur ar fáil go bliantúil.¹⁴⁷

Molann Uíbh Eachach na scileanna ar leith a bhí ag Mac Cormaic a chabhraigh go mór agus an Foras á fhorbairt agus i dtaobh a bheith ag plé leis an roinn go háirithe. Bhí tuiscint straitéiseach aige, arsa Uíbh Eachach. Ba é Mac Cormaic a mhol cuid mhór de na cuspóirí straitéiseacha a lig do Ghaelscoileanna buanstruchtúir don Ghaelscolaíocht a chur ar bun, rud a chuir bonn i bhfad ní ba láidre faoin ngluaiseacht don todhchaí.¹⁴⁸

Bíodh sin mar atá i dtosach báire bhí freasúra ón Eaglais ann nuair a theastaigh ó Ghaelscoileanna nua teacht faoi scáth an Fhorais, nach raibh aitheantas an stáit faighte aige fós ach a raibh bonn dlíthiúil aige mar eintiteas príobháideach. Nuair a bhí cúig Ghaelscoil nua le hoscailt i Meán Fómhair 1994 mar scoileanna le héiteas Caitliceach ach a bhí faoin bhForas Pátrúnachta thuairiscigh Paul Cullen, comhfhreagraí oideachais an *Irish Times*, go raibh an Eaglais ‘*disputing their right to be called Catholic schools.*’ Mar a mhaigh an tAthair Dan O’Connor, Rúnaí an Choimisiúin Easpagóideach ar an Oideachas, ‘only primary schools under the patronage of the Bishop are recognised as Catholic schools.’¹⁴⁹

Cé is moite den Eaglais, bhí ar an bhForas na cosa a thabhairt leo i gcúpla áit sular cuireadh bonn níos láidre fúthu. D’éirigh raic idir tuismitheoirí ar cheist an chreidimh i gContae Mhaigh Eo in 1995 mar shampla. Thuairiscigh an *Irish Times* ar easaontas i gCathair na Mart i bhfómhar na bliana sin, áit a raibh dhá scoil—Gaelscoil Chathair na Mart agus Gaelscoil na Cruaiche—ag lorg aitheantas ón roinn. ‘*Gaelscoil na Cruaiche, which insists on a predominant Catholic ethos,*’ a scríobh Michael Finlan, ‘*broke away from the original founding group which had voted by a majority of one at its first meeting last March that the proposed Gaelscoil should be multi-denominational.*’¹⁵⁰ Chas cigire ón roinn leis an dá dhream agus an scoilbhliain ag teannadh leo. Mar a thuairiscigh Uinsionn Mac

147 Miontuairiscí Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, an 18 Samhain 1993, 1.

148 Agallamh le hUíbh Eachach.

149 Gearrthán ón *Irish Times*, an 25 Lúnasa.

150 Gearrthán ón *Irish Times*, an 5 Meán Fómhair 1995.

Dubhghaill, ‘thug sé le fios dóibh gan aon fhiacail a chur ann, nach n-aithneodh an roinn dhá Ghaelscoil ar an mbaile’ agus ‘nach mbeadh sé i gceist ag an roinn rogha a dhéanamh idir an dá ghrúpa.’ Moladh amháin a bhí ag an gcigire ná go gcuirfí an cinneadh faoin éiteas ar athlál ar feadh dhá bhliain nó trí bliana. Bhí lámh ag Gaelscoileanna—a bhí sásta tacú leis an dá ghrúpa—i gcruinnithe a eagrú idir an dá ghrúpa le linn an tsamhraidh ach níor éirigh aon rud dearfach astu.¹⁵¹ D’éirigh leis an dream ar theastaigh uathu éiteas Caitliceach Gaelscoil na Cruaiche a oscailt agus bhí deichniúr daltaí ann á múineadh ag Carmel Fanning an fómhar sin. Dúirt urlabhraí ón scoil, Séamus Mac an Fhallaigh, go raibh siad ‘*taking it one day at a time*.’ Ar an láimh eile, bhí díomá ar Ghearóid Ó hAghmháil, a bhí ina urlabhraí don scoil idirchreidmheach nuair a d’áitigh sé leis an nuachtán ‘*non-Catholics in our group will not send their children to the school that has been opened, and neither will Catholics who disagree with the views and attitude of the other group*.’¹⁵²

Tar éis do Ghaelscoil an Ghoirt Álainn teacht ar an bhfód gan mórán conspóide, iarradh orthu duine a chur suas go Cathair na Mart nuair a d’éirigh conspóid ann idir na tuismitheoirí chun a mhíniú cad a bhí ar siúl i gCorcaigh agus siúl ann go gcabhródh sé sin cúrsaí a shocrú. Chuaigh Colm Ó Cuanacháin a bhí mar phríomhoide ar Ghaelscoil an Ghoirt Álainn, agus is cuimhin le hEoin Ó Laoire an méid a dúirt sé leis:

chuaigh sé isteach sa seomra agus dúirt sé liom go raibh sé nimhneach. Bhí an dá taobh ann agus “*there was just no coming together*”... Bhí sé beartaithe againne gan aon mholadh a thabhairt do dhaoine agus a rá “seo mar a dheineamar é” agus lán stad. Thóg [Colm] an téip leis agus dúirt sé “seo an clár proifisiúnta a mhíneoidh na fáthanna gur chuir na tuismitheoirí a bpáistí [chun na] scoile. Agus chuir sé an téip isteach agus thosnaigh an téip, na coinleachaí, agus dúirt Colm go raibh fhios aige go raibh sé i dtrioblóid nuair a chuala sé taobh thiar de “*oh Jesus, Mary and Joseph ‘tisn’t even Christianity*.”¹⁵³

Ach an raibh cúiseanna idé-eolaíochta nó cúiseanna eile, seachas an t-éiteas creidimh amháin, taobh thiar den easaontas? Thuairiscigh Mac Dubhghaill, ‘ar chúl téarmaí an aighnis, deirtear, tá an drochmheas

151 Gearrthán ón *Irish Times*, an 23 Lúnasa 1995.

152 Gearrthán ón *Irish Times*, an 5 Meán Fómhair 1995.

153 Agallamh.

atá ag cuid de phobal seanbhunaithe an bhaile roimh dhaoine nua—ar eachtrannaigh iad cuid acu—atá tar éis cur fúthu sa cheantar le blianta beaga anuas. “*Slightly bohemian*” an cur síos a thug foinse amháin ar an dream a bhfuil oideachas il-chreidmheach trí Ghaeilge uathu.’ Shéan foinse eile gurb é sin fírinne an scéal agus dúradh nach raibh deighilt i gceist idir ‘*blow ins*’ agus muintir an bhaile. Ba ‘gnáth-Chaitlicigh iad na daoine atá sa ghrúpa Caitliceach’ seachas ‘fanaicigh.’ “*We might sound like Alice Glenn on speed, but that’s far from the case,*” a dúirt an té seo. Tuairiscíodh go raibh níos mó béime ar chúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta i gcáipéis pholasaí Ghaelscoil na Cruaiche ná mar a bhí i gceann Ghaelscoil Chathair na Mart, a bhí dírithe ar an bhformhór ar chúrsaí creidimh. Ach luaigh Ó hAghmháil gurb amhlaidh a bhí ‘d’aonghnó toisc an raic ar fad faoi chúrsaí creidimh.’ Castacht eile a bhain leis an scéal a luaigh Michael Finlan ón *Irish Times* ná go mbeadh deacracht aitheantas a thabhairt ‘*on perceived sectarian grounds,*’ de bharr an rialtas a bheith ‘*in the throes of a peace process and proclaiming the need for reconciliation in Northern Ireland.*’ Go deimhin, d’ardaigh Ó hAghmháil an cheist sin i mí Lúnasa nuair a dúirt sé ‘*in the Ireland of 1995 it is politically impossible for any government to sanction a school that is so blatantly sectarian.*’¹⁵⁴ I ndeireadh na dála, theastaigh ó Mhac an Fhallaigh agus a chomhghleacaithe go mbeadh an creideamh fite fuaite le gach gné den scoil, agus bhí éiteas ilchreidmheach ón dream eile.¹⁵⁵

Ag leibhéal an stáit faoi 1995 bhí an Eaglais Chaitliceach agus a gcomhghuaillithe sa chóras oideachais fós ina gconstaic roimh obair an Fhorais. Scríobh Mac Cormaic go raibh ‘bá ag cuid de na heaspaig le coincheap na Gaelscolaíochta,’ ach go raibh easpaig eile ann a bhí ‘naimhdeach’ agus a chreid nach raibh ‘gá le tuilleadh scoileanna, go háirithe agus daonra bunscolaíochta na tíre ag titim go tubaisteach.’ Nuair a dhiúltaigh easpag amháin a bheith mar phátrún ar Ghaelscoil Chaitliceach ní ba luaithe in 1993 tháinig buairt ar lucht na Gaelscolaíochta. Ba é sin an chéad chás dá shórt, ach baineadh an tuiscint as nach mbeadh an t-easpag sásta a bheith mar phátrún ar Ghaelscoileanna eile ina ndeoise, cé go raibh sé beartaithe tuilleadh a bhunú ann. In 1995 chreid Gaelscoileanna ‘go mbeadh níos mó ná easpag amháin ag diúltú a bheith mar phátrún,’ rud a chuirfeadh bac ar na

154 Gearrthán ón *Irish Times*, an 23 Lúnasa 1995.

155 Gearrthán ón *Irish Times*, an 4 Meán Fómhair 1995.

scoileanna sin aitheantas a fháil ón Roinn Oideachais. Bhí tábhacht bhreise le bunú an Fhorais más ea, mar nach raibh ‘gá d’aon Ghaelscoil a bheith buartha faoi phátrúnacht, má tá siad sásta glacadh le coinníollacha aitheantais an Fhorais.’¹⁵⁶ I dtéarmaí na nGaelscoileanna seanbhunaithe, bhí siad go léir faoi phátrúnacht na nEaspag Caitliceach. Chruthaigh sé seo deacrachtaí mar ba léir gur mionlach beag a bhí sna cúig Ghaelscoil is seachtó sin i dteannta an 3,000 bunscoil Béarla. Ba é Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha a bhí i bhfeighil ar na scoileanna seo. Agus mar a luaigh Mac Cormaic, cuireadh ‘a lán brú’ ar an eagraíocht sin ‘ionsaí a dhéanamh ar na “buntáistí” atá ag Gaelscoileanna maidir le coibhneas dalta/múinteora níos fearr, deontas caipitíochta níos airde srl.’ Ag cruinniú idir an Roinn Oideachais agus Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, chuir Eileen Randles ‘mí-shástacht an Chumainn maidir leis na buntáistí seo os comhair an aire le déanaí.’¹⁵⁷

Ba léir, i dteannta na mbac a chruthaigh an Eaglais, go raibh spadántacht nó mí-éifeacht na Roinne Oideachais ag cur moill le hobair an Fhorais chomh maith. Le linn cruinniú amháin i mí Lúnasa 1995 idir John Rigney ó Rannóg na nÍocaíochtaí sa Roinn Oideachais, agus Breandán Mac Cormaic agus Jacqueline Ní Fhearghusa, dúradh go raibh moill mhór ag fáil freagraí ón roinn. Tugadh bunreacht an Fhorais don roinn ionas go ndéanfaí é a fhaomhadh i mí an Mhárta, agus, cé gur dúradh nach dtógfadh sé ach cúpla mí chun é a fhaomhadh, ní raibh tada cloiste ón roinn le leathbhliain. Ardaíodh ceist [Ghaelscoil Eochail] le Rigney chomh maith. Sheol cigire ón Roinn Oideachais litir chuig an scoil ag cur ina leith nár Gaelscoil cheart a bhí inti a bhí ag múineadh trí mheán na teanga. Lorgaíodh soiléiriú faoin gceist faoi dhó agus ní bhfuarthas aon fhreagra. Mar a luadh i miontuairiscí an chruinnithe, ‘gheall... Rigney go rachadh sé i dteagmháil leis an gcigire faoin gceist agus go raibh súil aige go bhféadfaí an scéal a leigheas go tapaídh.’ B’amhlaidh an scéil—moill uafásach—i gcás comhfhreagras idir an Foras agus an roinn faoi cheist an mhaoinithe.¹⁵⁸

156 Breandán Mac Cormaic chuig Mícheál Ó Gruagáin, Príomhfheidhmeannach Bhord na Gaeilge, an 28 Lúnasa 1995, 3.

157 *Ibid.*, 4.

158 Tuairisc ar chruinniú idir an Roinn Oideachais agus Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, c.1995.

Agus an t-ualach teagmhála seo ann ní nach ionadh go ndeachaigh Mac Cormaic i gcomhfhreagras le Príomhfheidhmeannach Bhord na Gaeilge, Micheál Ó Gruagáin, i rith 1995 ag lorg maoiniú chun duine a fhostú a mbeadh obair riaracháin na heagraíochta idir lámha acu.¹⁵⁹

Ba shlat tomhais ar athruithe móra sa tsochaí bunú scoileanna idirchreidmheacha agus ilchreidmheacha i rith na tréimhse seo dar le roinnt mhaith irisoirí. Nuair a bunaíodh scoil ilchreidmheach i nGailimh in 1994 mhaígh Finlan ón *Irish Times* gur comhartha a bhí sa bhunú a léirigh ‘a growing spirit of tolerance in the country.’ Anuas air sin, ar sé, ‘the first batch of Galway pupils took their places in the new primary school on the day the IRA ceasefire in Northern Ireland was announced; a fact that invested the occasion with a resonant symbolism.’¹⁶⁰ Léirigh Medb Ruane an tuairim chéanna agus í ag scríobh san *Irish Times*. D’fhéadfaí fás na scoileanna idirchreidmheacha a lonnú i gcomhthéacs athruithe na hÉireann, ar sí. ‘The year was 1996,’ a dúirt sí faoi bhunú an chéad scoil dá sórt i gCill Mhantáin, ‘the spirit of ecumenism was growing and a political solution to the conflict in Northern Ireland looked possible for the first time.’ Sa mhullach air sin, ‘the creative linkage between the Irish language and Christian ecumenism resonated with sounds and signs of the Celtic church, too, and the dreams of recreating it cherished by pioneers such as Douglas Hyde, a Protestant, let it be remembered.’¹⁶¹

Nuair a bhí Gaelscoil Chill Mhantáin á bunú sa bhliain 1996 tháinig tuismitheoirí de chreidimh éagsúla le chéile. Ba thuistí den Eaglais Chaitliceach, Eaglais na hÉireann agus tuistí den chreideamh Modhach a bhí i gceist. Aontaíodh nár theastaigh uathu scoil de chreideamh amháin a bhunú, agus cé gur pléadh scoil ilchreidmheach a bhunú diúltáíodh don smaoineamh. Múintear cúrsaí reiligiúin lasmuigh d’amanna scoile i scoil ilchreidmheach. Mar a scríobh duine de na tuismitheoirí a bhunaigh Gaelscoil Chill Mhantáin, ‘the founding committee wanted a Christian Ethos within the school education programme but no such model existed within the Republic of Ireland.’ Chuaigh lucht bunaithe na scoile i gcomhairle le lucht na scoileanna imeasctha sna Sé Chontae. Ag éirí as sin, agus i ndiaidh taighde a dhéanamh ar chlár oideachais Ard-Easpag Caitliceach

159 Breandán Mac Cormaic chuig Micheál Ó Gruagáin, Príomhfheidhmeannach Bhord na Gaeilge, an 28 Lúnasa 1995, 1.

160 Gearrthán ón *Irish Times*, an 23 Lúnasa 1995.

161 *Irish Times*, an 29 Márta 2002.

Bhaile Átha Cliath agus Ard-Easpag Eaglais na hÉireann do Bhaile Átha Cliath agus Gleann Dá Loch, cumadh éiteas idirchreidmheach den chéad uair. Thug an t-éiteas seo, mar a luaigh an tuismitheoir, ‘*equal status to both Catholic and Protestant faiths and traditions*.’¹⁶² Is cuimhin le Ní Fhearghusa go raibh ‘go leor siar agus aniar leis an roinn’ chun an coincheap idirchreidmheach a fhorbairt. Ní foláir dóibh comhaontú a fháil ón dá eaglais chomh maith, agus, bhí deacracht ann nuair a tháinig blianta an Chéad Chomaoineach. Mar sin de:

Bhí a lán plé faoi cén uair agus conas a mhúinfi an sainchreideamh don dá ghrúpa éagsúla... bhí daoine i scoileanna áirithe ag iarraidh dul níos mó le múnla an ilchreidmheachais agus an curaclam [reiligiúnach] a mhúineadh lasmuigh d’uaireanta scoile... ach bunchloch an éitis sin ag an tús nuair a bunaíodh an chéad scoil ná go mbeadh na páistí á múineadh le chéile ar feadh an lae agus nach scarfaí iad le haghaidh mhúineadh na gcreideamh éagsúla... Bhí go leor plé againn le hinstitiúid Marino faoi dhul ag obair ar mhúnla a shásódh gach duine. Bhí roinnt mhaith cainteanna agus éascaitheoirí againn, an Bráthair Luke Monaghan, agus an fear a bhíodh i gceannas ar CUS, tháinig siad sin agus bhí an t-uafás plé acu le bord an Fhorais maidir le cúrsaí creidimh go sonrach.¹⁶³

An rud a socraíodh ar deireadh i nGaelscoil Cill Mhantáin ná go nglacfadh na páistí Protastúnacha páirt le linn an réitigh don Chéad Chomaoineach. Ghlac na páistí céanna páirt sa tseirbhís chomh maith, cé nár ghlac siad na sacraimintí féin. Thugadh baill an chléir ón dá thraidisiún cuairt ar an scoil. Bhíodh ceiliúradh na Nollag bliain amháin in eaglais Chaitliceach agus bliain eile i gceann Protastúnach. Cé nach raibh aon siombail nó pictiúir reiligiúnacha eile sa scoil, crochadh cros sa scoil, mar a dúirt tuismitheoir amháin sa scoil, ‘*as a symbol of Christian Unity*.’¹⁶⁴

Bhí feachtas an Fhorais agus an ghluaiseacht i dtreo scoileanna neamhspleácha ag bailiú nirt ag tús 1996. Ba léir go raibh spéis ag lucht an Fhorais i Ag Foghlaim le Chéile, a raibh borradh ag teacht fúthu i lár na 1990í chomh maith. In 1996, dealraíonn sé, scríobhadh cáipéis i nGaeilge dár dteideal ‘Treoracha do ghrúpaí ag tosú scoile’ a

162 Tuismitheoir anaithnid, Gaelscoil Chill Mhantáin, chuig Breandán Mac Cormaic, Aibreán 2002.

163 Agallamh le Ní Fhearghusa.

164 Tuismitheoir anaithnid, Gaelscoil Chill Mhantáin, chuig Breandán Mac Cormaic, Aibreán 2002.

bhí bunaithe ar chairt agus teoracha Fhoghlaim le Chéile. Bhain an doiciméad le héiteas na scoile, go príomha, agus conas mar a pléadh le cúrsaí reiligiúin laistigh de chóras ilchreidmheach Fhoghlaim le Chéile. Is cosúil gur seoladh an cháipéis chuig baill an Fhorais mar phlécháipéis.¹⁶⁵ Thart faoin am céanna, Bealtaine 1996, bhuail an Foras agus Gaelscoileanna (Breandán Mac Cormaic, Vivian Uíbh Eachach, Deirdre Ní Lúing) le toscaireacht ó Fhoghlaim le Chéile (Paul Rowe, Deirdre Donoghue, Alice Lawless). Aontaíodh ar chúpla pointe, ina theannta: socraíodh gur chóir polasaí aontaithe i leith an Choimisiúin um Riachtanais Chóiríochta Scoileanna agus gur chóir cloí le comhdhéanamh na mbord bainistíochta de bharr go raibh córais dhaonlathacha faoi cheapacháin na mbord ag an bhForas agus Ag Foghlaim le Chéile cheana féin. D’esaontaigh lucht na Gaelscolaíochta agus lucht Fhoghlaim le chéile ar cheist na ngníomhas iontaobhais. Theastaigh ó Fhoghlaim le Chéile nach mbeadh seasamh dlíthiúil ag na ngníomhais iontaobhais mar go mbeadh sé dodhéanta éiteas scoileanna a athrú as sin amach. Ar an lámh eile bhí an Foras i bhfabhar na ngníomhas iontaobhais, ‘*as this would safe-guard the ethos of schools*,’¹⁶⁶ agus ní fhéadfaí Gaelscoileanna a iompú go scoileanna Béarla ar ball.

Go luath ina dhiaidh sin, i mí na Bealtaine 1996, thug an Roinn Oideachais aitheantas don Fhoras Pátrúnachta mar phátrún ar na Gaelscoileanna faoi na rialacha le haghaidh scoileanna náisiúnta. Mar a scríobh oifigeach de chuid Rannóg Pleanála na Roinne chuig Mac Cormaic, ba ‘ar bhonn coinníollach’ a tugadh an t-aitheantas. Chuir an roinn iachall ar an bhForas clárú mar chomhlacht teoranta gan scairchaipiteal.¹⁶⁷ Sa mhullach air sin, mar is cuimhin le hÓ Baoill, cé go raibh siad sásta go mbeadh an Foras mar phátrún ar Ghaelscoileanna nua, theastaigh uathu nach laghdófaí an líon Gaelscoileanna a bhí faoi phátrúnacht na hEaglaise go dtí sin: ‘sílím gur chuir siad clásal éigin isteach, mura raibh sé ann cheana féin. Mar bhí muidne ag súil go mbeadh na scoileanna lán-Ghaeilge a bhí ann cheana féin—an chuid is mó, nó iad ar fad, ina scoileanna Caitliceacha—go dtiocfadh siad

165 Teoracha do ghrúpaí ag tosú scoile.

166 Miontuairiscí ar chruinniú idir Ag Foghlaim le Chéile, Gaelscoileanna agus an Foras Pátrúnachta, an 10 Bealtaine 1996.

167 Peigí Ní Chomartaigh, Rannóg Pleanála na Roinne Oideachais chuig Breandán Mac Cormaic, an 16 Bealtaine 1996.

isteach faoin gcóras nua pátrúnachta ach rinne siad an scéal chomh casta sin.’ Cúis mhór leis seo ná go raibh ‘na múinteoirí go mór ina choinne,’ múinteoirí Gaelscoile. ‘Is cuimhin liom mé féin agus d’athair [GÁIRE] bhí muid istigh ag cruinniú istigh i lár na cathrach áit éigin agus bhuail muid le múinteoirí ó Bhaile Átha Cliath as na Gaelscoileanna agus bhí sé ar chruinniú beagnach chomh fíochmhar a bhí mé ann riamh.’ Níor theastaigh uathu an phátrúnacht a athrú agus bhí siad an-eagraithe chuige sin, ina theannta roinnt de na múinteoirí a bhí ar Choiste Riartha Gaelscoileanna. ‘Is rud ceardchumannachais a bhí ann silim,’ arsa Ó Baoill, ‘bhí an ceardchumann ag rá leo “má tá sibhse ag iarraidh na cearta atá agaibh a chosaint b’fhearr daoibh fanacht.”’¹⁶⁸

Tionchar amháin a bhí ag forbairt an Fhorais, borradh na Gaelscolaíochta, Ag Foghlaim le Chéile, agus an daonlathú ar bhoird bhainistíochta cuid mhaith scoileanna dá réir ná go ndeachaigh an tuiscint i bhfeidhm ar an gcóras oideachais trí chéile. Ag cruinniú cinn bliana an Fhorais in 1996, dúradh go raibh cáinteanna ar siúl maidir le comhdhéanamh nua ar na boird bhainistíochta sna gnáthscoileanna lán-Bhéarla. Ba é an fheidhm pholaitiúil a bhain leis an athrú sin ‘ná cumhacht na hEaglaise Caitlicí a laghdú sna scoileanna.’¹⁶⁹ D’fhógair an tAire Oideachais, Niamh Bhreathnach, comhaontú a bhain le rialachas scoileanna an stáit i bhfómhar na bliana 1996. I bpreasráiteas a d’eisigh an Roinn Oideachais dúradh gur chomhaontú stairiúil a bhí ann ‘*on the democratisation of the governance of primary schools.*’ Tháinig an comhaontú sna sala ar dhá bhliain de phlé agus idirbheartaíocht a d’éascaigh Tom McCarthy. Bhí an Cumann Múinteoirí Éireann, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal), Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, Ag Foghlaim le Chéile agus lucht na Gaelscolaíochta uilig páirteach sa chur agus cúiteamh. Aontaíodh ar athstruchtúrú a dhéanamh ar na boird bhainistíochta agus deireadh a chur le móraimh úinéirí na scoileanna ar na boird.¹⁷⁰

Bhí leithéidí Uí Bhaoill agus Uíbh Eachach ar aon intinn, nach mór, faoi thábhacht fhorbairt an Fhorais i lár na 1990í agus an comhthéacs fada stairiúil a bhain leis na forbairtí céanna. An bhféadfaí é a dhéana-

168 Agallamh.

169 Tuairisc an Chathaoirleach, cruinniú cinn bliana an Fhorais Pátrúnachta 1996, 5.

170 Preasráiteas, an Roinn Oideachais, an 28 Samhain 1996.

mh deich mbliana roimhe sin? ‘Ní déarfainn go bhféadfaí,’ arsa Uíbh Eachach. ‘Bhí an saol poiblí in Éirinn ag athrú go mór agus chímíid le blianta beaga anuas go bhfuil sé athraithe i bhfad níos mó ó shin. Ach, an uair sin, bhí ról lárnach ag an Eaglais sa chóras oideachais. Ba ról é sin a fuair an Eaglais i bhfad roimh bhunú an stáit—is ról é a fuairéadar nuair a bhunaigh na Sasanaigh na scoileanna náisiúnta féin.’¹⁷¹ Mar a deir Ó Baoill; ‘is dócha thosnaigh rudaí ag tarlú agus bhí daoine ag rá bhuel cén fáth go bhfuil an Eaglais ag teagasc na rudaí seo dúinn agus iad féin ag déanamh rudaí eile, gur léir go bhféadfadh dream ar bith an rud a rith seachas an deasghnátha go léir uilig a bhain leis an gcoilíniú agus nach gá go mbeadh oifigeach chomh hard le heaspag. Sin córás a bunaíodh is dócha díreach i ndiaidh bhunú na mbunscoileanna thart ar 1831, mar ní raibh aon dream eile ann a raibh smacht acu ar an áit uilig ach an Eaglais.’¹⁷² I ndeireadh na dála, dar le hUíbh Eachach, d’éirigh le Gaelscoileanna a léiriú go mbeadh an Foras Pátrúnachta in ann feidhmiú maidir leis na freagrachtaí go léir a bheadh ar phátrún agus nach mbeadh na freagrachtaí sin á gcoimeád siar le hidé-eolaíocht ná bac ar bith: ‘bhíomar ag plé leis an bhfeachtas sin agus le gach rud eile a bhí ar siúl againn go gairmiúil. Ní raibh aon chlár oibre folaigh againn. Bhíomar ag iarraidh an Ghaelscolaíocht a chur ar bhonn ceart agus ceann de na cuspóirí a bhí againn chun é sin a dhéanamh go héifeachtach ab ea ár bhForas Pátrúnachta féin a bheith againn.’¹⁷³ Ba chomhartha é an Foras Pátrúnachta ar shochaí a bhí ag athrú go sóisialta. Bhí na hathruithe sa tsochaí le brath i nGaelscoileanna nua a bhí ag teacht ar an bhfód an tráth céanna, ina theannta Gaelscoil Lios na nÓg.

171 Agallamh le hUíbh Eachach.

172 Agallamh le hÓ Baoill.

173 Agallamh le hUíbh Eachach

CAIBIDIL 7:

**LIOS NA NÓG, 1996—‘NÁ DÉAN DEARÚD TÁ TÚ I
GCEANTAR MEÁNAICMEACH’**

RUGADH AGUS TÓGADH Áine Ní Shíthigh, a bhí ina phríomhoide ar Lios na nÓg i Raghmallach i mBaile Átha Cliath ar feadh na mblianta, i mBaile an Fheirtéaraigh i nGaeltacht Chorca Dhuibhne. Fuair sí a bunscolaíocht i mBaile an Fheirtéaraigh ach chuaigh sí ar aghaidh go scoil chónaithe i gCarraig na Siúire, a bhí ina scoil ‘A’ fadó—ach nuair a d’fhreastail sise uirthi sna 1970í ní raibh ach sruth amháin ann don Ghaeilge. Chuaigh sí ar aghaidh go Coláiste Mhuire gan Smál i Luimneach ansin agus bhain sí a céim mhúinteoireachta amach sa bhliain 1977. Chuala sí trácht ar Ghaelscoileanna ach ní raibh morán eolais aici orthu. Chuir sí isteach ar phost i scoil náisiúnta i bhFionnghlas i mBaile Átha Cliath. Bhí cara lena raibh sí ag roinnt tí, Máire Ní Fhearnáin ó na hOileáin Árann, ag múineadh i Scoil Moibhí, Glas Naíon, agus, arsa Ní Shíthigh, ‘bhíodh Máire ag teacht abhaile ag eachtraí dom faoin nGaelscoil... agus an saol a bhí aici, go raibh gach duine ag labhairt Gaoluinne sa scoil agus go raibh sí ag obair trí mheán na Gaeilge.’ Tar éis trí nó ceithre bliana i bhFionnghlas chuir Ní Shíthigh isteach ar phost i Scoil Santain i dTamlacht, áit ar thosaigh sí ag teagasc in 1981 agus ba ansin a fuair sí a taithí ar an nGaelscolaíocht ar dtús báire. Nuair a bhí sí i Scoil Santain bhí rud ar ar ghlaoigh sí an Scéim Gaeltachta air agus ‘is minic a thugas rang a sé síos go Gaeltacht Chorca Dhuibhne ar feadh trí seachtainí agus bhí san go hiontach mar bhí siad istigh leis na leanaí sa scoil náisiúnta... agus thug sé deis dóibh taithí a fháil ar cheantar Gaeltachta.’ Deir sí gur tháinig deireadh leis na scéimeanna sin de bharr cúrsaí árachais agus slándála. Chothaigh sí an nasc leis an nGaeltacht agus í i mBaile Átha Cliath tríd an mbaint a bhí aici leis an bhForas Duibhneach, grúpa daoine ó Chorca Dhuibhne a bhí ag maireachtáil san ardchathair agus a d’oibrigh ar thograí cosúil leis an Díseart, láthair chultúir sa Daingean, a bhunú. Bhí spéis aici i gcúrsaí ceoil agus chabhraigh sí go deonach le féilte ceol traidisiúnta a reáchtáil i mBaile Átha Cliath. Ba bhall den cheardchumann múinteoireachta í freisin agus d’fhreastalaíodh sí ar na cruinnithe.¹⁷⁴

Ba in 1996, an chéad bhliain ar oscail an scoil, a thosaigh sí i Lios

174 Agallamh le Ní Shíthigh.

na nÓg, i ndiaidh di cúig bliana déag a chaitheamh i Scoil Santain i dTamhlacht.¹⁷⁵ Ach leagadh dúshraith na scoile i bhfad roimhe sin, in 1987 i ndáiríre. Tháinig dream le chéile an t-am sin chun caoi a chur Theach an Chuillinigh, a raibh drochbhail air. Mar a scríobh múinteoir sa scoil, Natasha Evans, ar *Beo* in 2004 ‘tháinig grúpa oibre áitiúil le chéile chun an teach a shábháil agus chun ionad cultúrtha agus sóisialta, a réachtálfai trí mheán na Gaeilge, a chur ar fáil don phobal don todhchaí.’¹⁷⁶ Cumann Theach an Chuillinigh a ghlaigh siad orthu féin agus bhí siad gníomhach ag iarraidh airgead a bhailiú chun athchóiriú a dhéanamh ar an áit. Bhí meascán de dhaoine sa chumann, idir cheoltóirí, cuid acu le Gaeilge agus lucht labhartha na Gaeilge, leithéidí Mháire Davitt, Bhreandáin Uí Chléirigh ó Mhaigh Eo, Chlann Uí Dhuibhir agus daoine a bhí ar Scoil Bhríde, formhór díobh as Raghannallach. Ach, mar a deir Ní Shíthigh, ‘ní raibh rudai go maith an uair sin... bhí cúlú eacnamaíochta ann. Bhí an-deacracht acu an maoiniú a fháil ón rialtas an tigh a dhéanamh suas. An aidhm a bhí acu san ná go mbeadh sé mar ionad cultúrtha.’ Chuireadar ‘scata gníomhaíochtaí’ ar bun le hairgead a bhailiú. Ag an am céanna bhí éileamh ag teacht ar an nGaelscolaíocht faoi lár na 1990í, ar Scoil Bhríde ach go háirithe. Níor éirigh le cuid mhaith tuismitheoirí áit a fháil dá bpáistí i Scoil Bhríde an tráth sin, cé go raibh Gaeilge acu, rud a chuir ‘an dhubh orthu’ agus a spreag iad le teacht le chéile. Coiste Bunaithe Lios na nÓg ab ainm don ghrúpa sin. Bhunaigh siad naíonra, rud a chur le líon na ndaltaí a raibh Gaelscoil de dhíth orthu. Nuair a thosaigh Ní Shíthigh in 1996 bhí an Coiste Bunaithe díreach tar éis aitheantas a fháil agus an tairseach dalta is fiche a shroicheadh. Bhí seomra faighte acu ar feadh bliana san Ospidéal Ríoga thíos i nDomhnach Broc. Idir an dá linn bhí an coiste i mbun comhráit le Cumann Theach an Chuillinigh ‘an áit ar thosaigh an Píarsach Scoil Éanna’ agus, a deir Ní Shíthigh, ‘bhíodar sásta sinn a ligint isteach.’ Nuair a tugadh an cead don scoil bogadh isteach ba ar an gcoinníoll go mbeadh an foirgneamh le húsáid mar ionad cultúrtha chomh maith. Bheadh ‘athchóiriú le déanamh ar an tigh sin, mar seachas seomra nó dhó, fothrach a bhí sa tigh’ agus costas thart ar €1.2 milliúin air ar deireadh.¹⁷⁷

175 Agallamh le Ní Shíthigh.

176 *Beo*, eagrán 44, Nollaig 2004.

177 Agallamh le Ní Shíthigh.

Iarracht mhór tiomsaithe airgid a bhí de dhíth agus eagraíodh neart imeachtaí chun leasa do chiste na scoile. Mar shampla, bhí ceant acu uair amháin, 'is cuimhin liom go ndeineamar deich mhíle ar an gceant. An rud a bhí i gceist ná go dtugadh daoine seirbhísí saor in aisce. Nó dá mbeadh tigh saoire ag duine go dtabharfaidís é le haghaidh seachtain nó coicís, an dtuigeann tú? Bhí sé sin againn uair amháin.' Buntáiste amháin a bhí ann ná go raibh an bord bainistíochta:

stuama agus scileanna éagsúla [acu] chomh maith... bhí cuntasáíocht, bhí calaín, bhí Ailbhe Ní Chasaide, b'in an chéad chathaoirleach... agus bhí sí mar ollamh istigh i gColáiste na Tríonóide. Bhíodar an-mhaith ag caint mar shampla. Bhíodh orm cruinniú a bheith agam gach bliain chun daoine a mhealladh chuig an scoil... Thagadh daoine isteach mar b'fhéidir go mbeadh lá oscailte agus bhí Ailbhe an-mhaith ag caint os comhar an phobail... ná déan dearúd tá tú i gceantar meánaicmeach.¹⁷⁸

Bhí deacrachtaí le sárú ag Ní Shíthigh agus an bord mar sin féin. Bhí ganntanas múinteoirí ann sna 1990í—'is cuimhin liom uair amháin ní raibh iarratas amháin don phost,' a deir Ní Shíthigh. Ach bhí ardmholadh aici do na múinteoirí a bhí ann mar gur dhein siad a ndícheall ainneoin na srianta spáis. I dtéarmaí na hEaglaise, bhí an tAthair Hermann, a tháinig ar rothar, agus a bhí Gaeilge aige, cabhrach. Ach, cé is moite de na sacraimintí, ní raibh aon teagmháil acu leis an Eaglais i ndáiríre. A mhalairt de scéal a bhí fíor nó cruthaíodh caidreamh leis an scoil ilchreidmheach Ag Foghlaim le Chéile ón uair a bhí Lios na nÓg ar an láthair i nDomhnach Broc. 'Ní raibh againn ach seomra amháin,' arsa Ní Shíthigh, 'agus ní raibh cead againn ach fanacht ann bliain amháin. Bhí an scoil Ag Foghlaim le Chéile, bhíodar san romhainne ar an mbóthar agus chaitheadar san bogadh amach mar go raibh an scoil á tógaint dóibh agus chuadar isteach go dtí an dá urlár a bhí ag barr ar tí san Ospidéal Ríoga taobh thuas dínn... ar feadh cúpla mí. Chuireas aithne ansin ar an bPríomhoide agus ar na múinteoirí agus ó am go ham bheimis i dteagmháil faoi rudaí beaga difriúla... polasaithe beaga agus rudaí mar sin.'¹⁷⁹

An streachailt ba mhó ná le cúrsaí cóiríochta. Ar ámharaí an tsaoil, a deir Ní Shíthigh, bhí Gaelscoileanna agus an Foras Pátrúnachta ann 'ón gcéad lá... agus chuireadh siad comhairle maith orainn.' Bhí eolas ag

178 Agallamh le Ní Shíthigh.

179 Agallamh le Ní Shíthigh.

Gaelscoileanna maidir le cúrsaí cóiríochta agus uaireanta ‘chuirfeadh siad gloach ar an Roinn Oideachais ar do shon.’ Rinneadh athchóiriú ar na seomraí istigh diaidh ar ndiaidh. In 2001 rinne an roinn staidéar féidearthachta chun féachaint an mbeadh sé in ann a bheith ina scoil. Tháinig an tAire Oideachais Mary Hanafin amach ina dhiaidh sin agus, cé nach raibh siad dóchasach leis an méid a dúirt sí, ceadáíodh an t-airgead chun an t-athchóiriú iomlán a chur i gcrích. Cé gur chuir an roinn an t-airgead ar fáil don athchóiriú, rinne an bord bainistíochta tuilleadh tiomsaithe airgid cosúil le tráth na gceist, aonach na Nollag, margáí cístí agus ceolchoirmeacha chun cur i dtreo an chostais.¹⁸⁰ In 2004 scríobh Natasha Evans alt ar *Beo* agus í ag iarraidh aird a tharraingt ar fheachtas tiomsaithe airgid na Gaelscoile. Faoin am bhí seomraí ranga i dTeach an Chuillinigh, agus dhá sheomra ranga ag feidhmiú i bhfoirgnimh réamhdhéanta, ach bhí an scoil ag fás i gcónaí. Mar a dúirt Evans, bhí €500,000 de dhíth ar an scoil don chóiríocht agus ‘ní fios cathain a chuirfear an t-airgead ar fáil. Mar sin de, tá an príomhoide, an bord bainistíochta agus na tuismitheoirí ag iarraidh an t-airgead a bhailiú iad féin.’¹⁸¹ Ba sa bhliain 2007 a thosaigh an t-athchóiriú ar an teach, agus chaith siad cúpla bliain i seomraí réamhdhéanta ar thailte Choláiste Pháirc Mhucrois i nDomhnach Broc. Bhí an t-ádh leo, i ndáiríre, mar a mhíníonn Ní Shíthigh:

is dóigh liom go raibh an Tiogar Cheilteach ann nuair a ceadáíodh an maoiniú. Agus ansin bhí an t-ádh linn, mar ní raibh an obair ach tosaithe nuair a theip ar an Tiogar, ach bhí an t-airgead ceadaithe... Bhí an t-airgead faighte ach cuid de na comhlachtaí a bhí ag plé leis an athchóiriú, bhíodar san saghas i dtrioblóid... i ndiaidh 2007.

Bhogadar ar ais isteach i dTeach an Chuillinigh in 2009. Úsáidtear íoslach an tí go fóill mar ionad cultúrtha agus spás ann le haghaidh 60 nó 70 duine. Eagraíonn an coiste cultúir seoltaí leabhair, taispeántais ealaíon, agus ceolchoirmeacha san ionad agus, mar a áitíonn Ní Shíthigh, ‘sásaíonn sé pobal na háite chomh maith. Bhí scata acu den dtuairim nár chóir scoil a ligint isteach ann... ach tá sé anois saghas ag freastal ar an dá thráigh.’¹⁸²

Agus í ag machnamh ar cheist fhís na scoile agus ar baineadh

180 Agallamh le Ní Shíthigh.

181 *Beo*, eagrán 44, Nollaig 2004.

182 Agallamh le Ní Shíthigh.

amach é, maíonn sí go bhfuil sé ‘an-deacair aon fhís a chomhlíonadh,’ ach go bhfuil an scoil tar éis a uasmhéid a bhaint amach agus bhí sí sásta a chloisteáil go bhfuil Gaelcholáiste á éileamh do Bhaile Átha Cliath Theas i láthair na huaire, ‘mar níl an traidisiún sa scoil go rachadh páistí ar aghaidh ón mbunscoil trí mheán na Gaeilge. Mionlach atá ann i gcónaí a théann go Coláiste Eoin, nó Íosagáin, nó Coláiste an Phiarsaigh i Ráth Fhearnáin.’¹⁸³ I dtaobh fíis na mbunaitheoirí, scríobh Evans ar *Beo* go raibh aidhmeanna neamhsheicteacha acu gur theastaigh uathu ‘ceangal a dhéanamh idir an dá thraidisiún in Éirinn.’ Nuair a bunaíodh an scoil in 1996 bhí 21 páiste ar an rolla, ach faoi 2004 bhí 199. Mhínigh Evans go raibh daltaí anois acu ‘as aon chultúr déag éagsúla... agus tá sé mar chuspóir ag an scoil ceiliúradh a dhéanamh orthu go léir agus aitheantas a thabhairt dóibh.’¹⁸⁴ Tagann Ní Shíthigh leis an méid sin

Rud eile a tharla le mo linn—bhain sé le huimhreacha don rolla. Agus bhain sé leis na blianta san nuair a bhí teifigh ag teacht isteach. Bhí tigh ag bun an bhóthair. Caithfidh go raibh sé ag an mBord Sláinte, ach tigh a bhí ann, áit shealadach do theifigh. Bhí cúpla clann istigh ansin ón Nigéir agus chaitheas nóta beag isteach lá amháin go raibh scoil bheag ag barr an bhóthair dá mbeadh spéis acu agus aon leanbh acu in ann freastal. Agus dá bharr san do tháinig dhá chlann chugam ón Nigéir... agus duine acu, bíonn sí ar na meáin anois go minic Wuraola Majekodunmi... agus toisc go dtáinig beirt, tháinig daoine eile. Agus ansan bhí pobal idirchultúir againn. Bhí tréimhse amháin agus b’fhéidir go raibh deichniúr nó dhá dhuine dhéag ó thíortha eile agus bhíodar go hiontach. Bhí na leanaí go hiontach ag foghlaim na teanga agus... bhí na tuismitheoirí báuil agus buíoch...

Go deimhin, bhuaigh Lios na nÓg comórtas *Building For the Future* de bharr na gné idirchultúrtha agus ghnóthaigh siad €25,000. Chuir sé go mór le saol na scoile mar bhí siad in ann tuismitheoirí na leanaí sin a thabhairt isteach chun labhairt faoina gcultúr—‘bhíodh ócáidí álainn againn sa scoil ó thaobh ceol agus bia ó thíortha eile’ a deir Ní Shíthigh, tráth a raibh an tsochaí ag athrú. Bhí samplaí eile den athrú sin le brath sna meáin clóite Gaelach le linn na tréimhse céanna chomh maith. In 2001, in agallamh a chuir an t-iriseoir Éamonn Ó Dónaill ar fhear as an tSúdáin, Abdullahi Osman El-Tom, léachtóir san antraipeolaíocht in Ollscoil Mhá Nuad, ba léir go raibh inimircigh ón Aifric ag tabhairt

183 Agallamh le Ní Shíthigh.

184 *Beo*, eagrán 44, Nollaig 2004.

faoin nGaeilge a fhoghlaim. Cé gur bhraith El-Tom go raibh fadhbanna móra maidir leis an gciníochas i sochaí na hÉireann, bhí líofacht bainte amach aige sa Ghaeilge agus bhí a iníon ar tí freastal ar Ghaelscoil.¹⁸⁵ Chuaigh an inimirce i bhfeidhm ar lucht labhartha na Gaeilge chomh maith sa tréimhse seo. Creideadh go mbainfeadh naimhde na teanga leas as na hinimircigh chun ísliú céime a thabhairt don Ghaeilge. Scríobh duine anaithnid ar *Beo* in 2002 go gcaithfí fáilte a chur roimh inimircigh trí fheachtas a chur sa siúl agus go gcaithfeadh sin ‘tosú ag leibhéal na nGaelscoileanna.’ Bhí sé riachtanach, dár leo, ‘go mbeadh céatadán chomh hard páistí de shliocht Afracach, Rómánach, etc. sna Gaelscoileanna is atá i scoileanna Béarla na tíre.’ Chabhródh sé seo, chomh maith, leis na hinimircigh ‘préamhacha a chur síos inár sochaí.’¹⁸⁶ Bunaíodh Gaelscoil Lios na nÓg de bharr easpa áiteanna sna Gaelscoileanna seanbhunaithe i gceantar mór uirbeach, ach ba scéal éagsúil é i mBéal Átha Seanaidh nuair a bunaíodh Gaelscoil Éirne roinnt blianta ina dhiaidh sin.

185 *Beo*, eagrán 6, Deireadh Fómhair 2001.

186 *Beo*, eagrán 12, Aibreán 2002.

CAIBIDIL 8:

**GAELSCOIL ÉIRNE, 2002—‘BHÍ SIAD CHOMH
GEALGHÁIREACH AGUS AN DÓCHAS A BHÍ ACU’**

MAR ATÁ FEICTHE go dtí seo bhí ról lárnach ag muintir na Gaeltachta, oideachasóirí go príomha, i mbuanú na nGaelscoileanna iar-Ghaeltachta. I roinnt scoileanna chomh maith bhí lámh ag daoine Gaeltachta i mbunú na nGaelscoileanna féin. B’amhlaidh an scéil i gcás Chaitlín Nic Amhlaidh, bean as an gCarraig, Gleann Cholm Cille, a bhí ar dhuine de bhunaitheoirí Gaelscoil Éirne, Béal Átha Seanaidh, sa bhliain 2002. Nuair a bhí sí óg, shealbhaigh Nic Amhlaigh an Ghaeilge óna haintín. ‘Is cuimhin liom go maith nuair a bhí mé óg ag suí ar a glúin agus í ag insint scéalta dúinn,’ ar sí. Agus bhí Gaeilge ‘ar scoil againn sa Ghaeltacht,’ cé nach raibh ‘mórán Gaeilge ag m’athair nó mo mháthair.’ Chuaigh sí ar scoil ansin i Scoil Chaitríona ar Shráid Eccles i mBaile Átha Cliath. Bhí Gaeilge ann sa choláiste ullmhúcháin agus, ina dhiaidh sin, ‘chaith mé trí bliana déag ag múineadh in áiteacha anseo is ansiúd agus chuaigh mé ar ais go dtí an ollscoil agus rinne mé céim sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus san fhealsúnacht agus bhí an-dúil agam san fhealsúnacht.’ Chuaigh sí chun na hAifrice nuair a phós sí agus chinn siad ar Ghaeilge a labhairt leis na páistí. An tuairim a bhí acu ná, ‘bhuel nuair a rachaidh muid abhaile beidh go leor Béarla ann.’ Chuir eispéireas idirnáisiúnta na háite ag machnamh iad; ‘bhí cairde againn ó chuile thír agus ní thioctadh leo a thuigbheáil cén fáth nár labhair muid i gcónaí i nGaeilge mar gur Gaeil sin. Agus tá buairt ar dhaoine agus tá tú ag rá “bhuel ní thuigimse ach oiread.” Tá sé an-doiligh a mhíniú do dhaoine. Tá an teanga ann, an teanga is ársa insan Eoraip, litríocht... Ní thuigeann siad.’ Nuair a d’fhill sí ar Éirinn chaith sí seal ag múineadh i mBaile Átha Cliath arís, ar Shráid Rutland, agus ansin theagasc sí ina ceantar dúchais ar an gCarraig in iar-bhunscoil. ‘Bhí sé an-tábhachtach,’ ar sí ‘go mbeadh an Ghaeilge chun cinn mar gur scoil Ghaeltachta é, mar ní raibh mórán Gaeilge ann.’ Bhí spéis aici sa drámaíocht an tráth sin agus bhí baint aici leis an eagraíocht óige, Foróige.¹⁸⁷

Bhog sí féin agus a fear chéile, atá ina mhúinteoir chomh maith, go Béal Átha Seanaidh in 1987. ‘Is aisteach an baile é Béal Átha an Seanaidh,’ a áitíonn Nic Amhlaidh. ‘Bhí sé, mar a déarfá ina *garrison*

187 Agallamh le Nic Amhlaidh.

town. Agus is áit é—agus muidne fiú amháin tá muid ann cúig bliana is tríocha... *blow ins*—agus mhothaigh mé i gcónaí nach raibh mórán bá leis an Ghaeilge go ginearálta. Ach ní raibh siad ina coinne ach oiread is dócha.’ Bíodh sin mar atá, d’eagraigh Nic Amhlaidh ranganna do dhaoine fásta agus ciorcail chomhrá ar an mbaile, mar sin bhí sí bainteach le cur chun cinn na Gaeilge ann. Maidir le bunú Ghaelscoil Éirne, níorbh ise a chuimhnigh ar an smaoineamh ach bhí sí i láthair ag an gcéad chruinniú mar gur cheannaire Foróige a bhí inti. Ina theannta sin bhí sí ar an gcoiste agus páirt lárnach aici sa bhfeachtas chun an Ghaelscoil a chur ar an bhfód. Chuaigh siad thart ar na tithe:

ag cur ina luí ar dhaoine faoi na buntáistí... Agus bhí bean iontach, Máire Trainor, agus bhí buachaill léi a raibh Siondróm Down air, Rónán, agus bhí seisean léi i gcónaí agus bhí siad iontach maith. Chuaigh muid amach ar an mbóthar agus labhair muid le daoine agus chuidigh siad le chuile shórt. Níl a fhios agam cén dóigh a ndeachaigh muid i bhfeidhm orthu ach tá a fhios agam go raibh míshuaimhneas ag na scoileanna agus tháinig duine daofa chugam agus dúirt siad “níl sé seo ceart, tá sibh ag baint [daltaí] ó na scoileanna ar an bhaile.” Agus ba chuma liom ach tháinig sé ó Bhéal Feirste agus bhí sé ag iarraidh caighdeán Gaeilge a fháil agus mise a chur ar bhealach a leasa é... agus bhí sé seo ag rá liom go raibh muid ag sciobadh páistí le Gaeilge a fhoghlaim [GÁIRE]... uisce faoi thalamh a bhí ann. Ní dheirfeadh daoine leat é, ach tá a fhios agam go raibh daoine á rá faoi thalamh.¹⁸⁸

Ach ní chuirfí bac orthu leanúint leis an bhfeachtas. Mar is cuimhin léi faoi na tuismitheoirí a bhí ar an gcoiste, nach raibh Gaeilge ag an gcuid is mó acu, agus na naisc shóisialta leo:

Bhí an-chraic againn mar bhí na cruinnithe uilig sa White Horse. Sin teach tábhairne ar an bhealach amach go Bun Dobhráin, agus ba le clann Suibhne é... Agus bhí na mná óga seo uilig agus bhí cúpla fear agus bhí an-chraic againn. Bhí mise éirithe as an mhúinteoireacht ag an am. Seo daoine óga agus bhí mé an-ghreamaithe leo. Bhí siad chomh gealgháireach agus an dóchas a bhí acu agus an seans a bhí acu lena bpáistí.¹⁸⁹

An chonstaic ba mhó ná foirgneamh a aimsiú. Chuaigh siad thart ar go leor suiomhanna ar an mbaile ach bhí go leor i seilbh an Bhoird Sláinte. ‘Rud greannmhar,’ ar sí, ‘ní raibh áit ar bith fágthaí ach teach tórraimh ag barr an bhaile [GÁIRE]. Ó teach galánta, áit ghalánta, agus bhí clós álainn thart air agus díreach i gceart, ach gur teach tórraimh a

188 Agallamh le Nic Amhlaidh.

189 Agallamh le Nic Amhlaidh.

bhí ann... ach bhí timpiste beag *anyway* agus ní raibh mórán muiníne ag daoine go mbeadh an corp ceart sa chónra cheart. Ní raibh an gnó ag dul rómhaith. Nuair a smaoinigh muid, ba an-áit é agus ní raibh mórán gnó ag dul ar siúl.' Bhí cruinnithe chun an cheist a phlé agus buairt ag teacht orthu nach bhfaigheadh siad áit, ach ag an gcrúinniú deireanach shocraigh siad ar an teach tórraimh. 'Agus tháinig Colm Ó Dúlacháin is cuimhin liom—bhí Colm an-tacúil—agus shíl seisean “no way,” go raibh seo seafóideach... Agus chuaigh mise abhaile an tráthnóna sin agus bhí an-alltacht orm.' Bhí sí buartha go ligfí síos na tuismitheoirí a bhí tar éis spéis a léiriú sa tionscadal. Chuir sí scairt ar an gcigire agus tháinig sé agus úinéir an tí tórraimh 'agus bheadh clú ar an úinéir gur fear mór gnó é agus nach mbeadh mórán anama aige. Ach bhí mise ag caint leis agus bhí bá aige leis an Ghaeilge agus ba mhaith leis an Ghaeilge a chur chun cinn.' Nuair a tháinig an cigire amach chinn sé go raibh an áit go breá, agus 'bhí an fear gnó breá toilteanach é a ligean ar cíos de bharr nach raibh ag éirí rómhaith lena ghnó ar aon chaoi.¹⁹⁰

Ina dhiaidh sin, thosaigh Nic Amhlaidh naíonra chun tacú leis an scoil, rud a raibh taithí aici air mar gur chuir sí naíonra ar bun ar an gCarraig 'agus tá sé ag dul go fóill, ach tá sé i dTeileann.' Leagann sí an-bhéim ar an naíonra ní hamháin i mBéal Átha Seanaidh ach na naíonraí mar dhúshraith struchtúrtha don chóras Gaelscolaíochta trí chéile. Tá aiféala uirthi, áfach:

Níor thuig bunadh na nGaelscoileanna. Bhí mé ag obair liom féin i ndáiríre. Fuair mé sean-*prefab* thuas ag an ngairmscoil agus thosnaigh mé féin agus bean an-deas eile, agus bhí tuairim is deichniúr nó dáréag againn. Ansin thug an Ghaelscoil seomra dúinn go ceann tamaill. Ach d'fhág mise é ansin. Mar nuair a chuireann tú rud le toiseacht, “leanaigí ar aghaidh anois.” Bhí príomhoide an-mhaith ar an naíonra. Ach tharla rud éigin ansin. Ní raibh go leor spáis sa Ghaelscoil, ní thiocfadh leofa seomra a spáráil. Uair éigin tharla gur bronnadh 7,000 euro orainn chun tabhairt do rud éigin ar an bhaile... agus thug mise don naíonra é.¹⁹¹

Cheannaigh an naíonra *prefabs* leis an airgead. Ag an am, cheap Nic Amhlaidh go raibh na *prefabs* lonnaithe i gclós na scoile ach ní raibh. Ba ar phíosa talún eile a bhí an naíonra agus tharla raic mar gheall air sin, agus thit an tóin as an naíonra. Chreid Nic Amhlaidh gur ligeadh na

190 Agallamh le Nic Amhlaidh.

191 Agallamh le Nic Amhlaidh.

maidí le sruth mar nár thuig lucht na Gaelscoile tábhacht an naíonra. Fiú dá mbeadh orthu é a thógáil ar ais isteach sa scoil, ba chóir leanacht leis, ar sí. ‘Tá a fhios agam anois go bhfuil deacrachtaí anois le hui-mhreacha’ i nGaelscoil Éirne, a deir Nic Amhlaidh. Gaelscoil i mbaile beag tuaithe is ea Gaelscoil Éirne i ndáiríre. De réir dhaonáireamh 2016 tá faoi bhun 3,000 duine ar an mbaile.¹⁹²

Gaelscoil eile i nDún na nGall atá i gceantar beag tuaithe agus a raibh deacrachtaí aige le líon na n-uimhreacha agus a d’oscail thart faoin am céanna ná Gaelscoil Chois Feabhail. Tá daonra níos lú i mBun an Phobail, an sráidbhaile ar a bhfuil an Ghaelscoil buailte, daonra 1,480.¹⁹³ D’oscail an scoil le triúr páiste i Meán Fómhair na bliana 2000. Ag cruinniú de Choiste na nOifigeach de Ghaelscoileanna léiríodh ‘amhras faoi thodhchaí na scoile sa bhfadtréimhse.’ Dúradh sna miontuairiscí go raibh ‘na hoifigigh an-bhuartha faoi bhunú na scoile seo i ngan fhios dóibh agus gan aon phlé a bheith déanta ar na himpleachtaí a bhainfeadh leis don eagraíocht.’ Bhí fear darb ainm Ray Quinn sásta £15,000 in aghaidh na bliana thar dhá bhliain a sheasamh don scoil, ach d’aontaigh Coiste na nOifigeach go mbeadh aitheantas de dhíth as sin amach. Ba é Cathal Ó Donnghaile a bhí ag plé leis an scoil agus aontaíodh ‘go dtabharfaí deis cainte’ dó ag an gcéad chruinniú eile den Bhord Stiúrtha chun cúrsaí sa scoil a shoiléiriú.¹⁹⁴ D’fhreastail Ó Donnghaile, a bhí faoin tráth seo ina chathaoirleach ar Chomhairle na Gaelscolaíochta sna Sé Chontae, ar an gcrúinniú den Bhord Stiúrtha ar an 14 Deireadh Fómhair 2000. Mhínigh sé go raibh an scoil ag feidhmiú le cúigear dalta, seachas triúr, agus é lonnaithe i halla Preispitéireach. Ba léir go raibh buairt ar an mbord go fóill; ‘ní raibh cás mar seo ann cheana, scoil á bunú le líon chomh beag,’ a dúradh sna miontuairiscí. Bhí baol ann nach sroichfeadh an scoil na coinníollacha aitheantais agus, dá réir sin, nach mbeadh maoiniú ag teacht ón roinn nuair a chuir Quinn deireadh lena thacaíocht airgeadais. Ba é croílár na faidhbe ná gur scoil bheag tuaithe a bhí i gceist agus ‘abhantracht na scoile rótheoranta chun brú a chur ar an roinn na rialacha a lúbadh.’ Fiafraíodh d’Ó Donnghaile an mbeadh Carn Domhnach, agus daonra níos mó sa bhaile, ‘níos oiriúnaí mar ionad Gaelscoile in

192 Daonáireamh 2016.

193 *Ibid.*

194 Miontuairiscí Choiste na nOifigeach, an 16 Meán Fómhair.

Inis Eoghain.’ Ach socraíodh ina dhiaidh sin go gcabhródh an bord trí chiste cabhrach a bhunú don scoil. Bhí sé mar aidhm ag coiste bunaithe na scoile dáréag daltaí a chlárú don bhliain ina dhiaidh sin.¹⁹⁵

Mar a tharla sé, d’éirigh leis an scoil trí dhaltá dhéag a chlárú, idir naíonáin bheaga agus naíonáin mhóra, an bhliain dár gcionn, 2001. Dár le Ní Fhearghusa ba ‘mhíorúilt’ é gur oscail an scoil in aon chor. Thug Colm Ó Dúlacháin ‘an t-uafás cabhrach agus tacaíochta’ do choiste bunaithe na scoileanna i rith an tsamhraidh, agus chabhraigh Cathal Ó Donnghaile teacht ar réiteach idir na tuismitheoirí agus an coiste bunaithe. I rith an ama bhí Ní Fhearghusa ag plé leis an Rannóg Pleanála sa Roinn Oideachais. Ní mó ná sásta a bhí an rannóg, ‘ach chuadar go dtí leibhéal níos airde ag lorg comhairle agus treoir agus dúradh leo ligint don scoil dul ar aghaidh fiú leis na huimhreacha laghdaithe.’ Cuireadh ríomhphost chuig Ní Fhearghusa ansin ag míniú go ligfí don scoil oscailt ach go ndéanfaí ‘monatóireacht’ ar na huimhreacha le linn na scoilbhliana. Mar sin féin, bhí constaic amháin eile le sárú. Níor réitigh an príomhoide a ceapadh in 2000 leis na tuismitheoirí ná an coiste bunaithe agus ‘cothaíodh an t-uafás achrainn agus agóide’ go dtí gur éirigh sí as an tseachtain roimh don scoil oscailt in 2001. Cuireadh ionadaí isteach ina háit agus tugadh faoi cheist na cóiríochta a réiteach.¹⁹⁶ Tá Gaelscoil Cois Feabhail ann ó shin agus osclaíodh foirgneamh nua scoile go hoifigiúil i Márta 2024.¹⁹⁷

Ach le filleadh ar Ghaelscoil Éirne, tráchtann Nic Amhlaidh ar an méid atá fós lé déanamh, agus ar an gceist a chíortar go minic faoin teanga a thabhairt thar gheataí na scoile:

Mhothaigh mise anois, tá an Ghaelscoil bunaithe an méid sin bliana... sé an fhís a bheadh agamsa ná go mbeadh sé mar cheartlár ar an bhaile... ach ar bhealach éigin tá daoine ar Bhéal Átha an Seanaidh nach bhfuil a fhios acu go bhfuil Gaelscoil ann. Agus sílim gur na daoine céanna atá ag cur a bpáistí ann, daoine a bhfuil réamhsuim acu sa Ghaeilge. Tá a fhios agam go bhfuil deacrachtaí uimhreacha ann anois. Ní mhothaímse mórán taca ón áit i gcoitinne.¹⁹⁸

É sin ráite, in 2016 dúirt 37.3% nó 798 nduine ar an mbaile go

195 Miontuairiscí an Choiste Riartha, an 16 Meán Fómhair 2000, 3.

196 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Meán Fómhair 2001.

197 *Donegal Live*, an 7 Márta 2024.

198 Agallamh.

bhfuil siad ‘in ann’ Gaeilge a labhairt, mar sin bheithfeá ag súil go mbeadh abhantrach éigin tacaíochta ann.¹⁹⁹ Bhí díomá ar Nic Amhlaidh nár éirigh chomh maith leis na tuismitheoirí an Ghaeilge a shealbhú cé go raibh ranganna ann agus mhúin sise cuid acu. Maidir leis an iar-bhunscolaíocht, tá caint ann i gcónaí faoi Ghaelcholáiste a bhunú agus bíonn sí féin i dteagmháil le Rossa Ó Snodaigh i gCluainín faoi cheann a bhunú i Sligeach a d’fhreastalódh ar an gceantar máguaird. Faoi láthair téann páistí ó Bhéal Átha an Seanaidh chomh fada le Baile na Finne, turas uair an chloig. Tá Caitlín Nic Amhlaidh ag streachailt léi i rith an ama ar son na Gaeilge i mBéal Átha Seanaidh. Le blianta beaga anuas d’eagraigh sí comórtas filíochta Gaeilge ach níor lean sé ar aghaidh:

Sin an rud is measa fuair mé amach i gcónaí go raibh mé liom féin. Bhí sé an-doiligh coiste beag nó grúpa beag leanadh (sic) ar aghaidh. Ní féidir le duine amháin é a dhéanamh. Agus chaithfeá a bheith ag rith thart an t-am ar fad, agus níl duine amháin in ann é sin a dhéanamh. Agus ní raibh duine ar bith réidh le freagracht a ghlacadh.²⁰⁰

Is cásanna spéisiúla iad Gaelscoil Éirne, agus Gaelscoil Chois Fheabhail lena hais, mar go léiríonn siad an chontúirt atá ann i gcónaí le sciar áirithe de na Gaelscoileanna, gan trácht ar na scoileanna Gaeltachta tuaithe, atá ag streachailt le líon beag daltaí. Léirítear, chomh maith, nuair nach bhfuil dlús sásúil daonra ann go ndéantar fíorú na físe, an Ghaeilge a thabhairt thar gheataí na scoile, i bhfad níos dúshlánaí ná mar a bheadh sé i mbruachbhaile plódaithe.

199 Daonáireamh 2016.

200 Nic Amhlaidh.

CAIBIDIL 9:

**CONSPÓID GHAELSCOIL THULACH NA NÓG,
DÚN BÚINNE, 2002—‘LIGEANN SIAD ORTHU...
GUR AIGHNEAS CREIDIMH É SEO’**

FAOIN MBLIAIN 2001 bhí an Foras Pátrúnachta beagnach dheich mbliana ar an bhfód agus bhí an eagraíocht ag feidhmiú le haitheantas stáit le cúig bliana. Ar mhórán bealaí bhí an Foras ag feidhmiú go héifeachtach. Bhí sé Ghaelscoil is tríocha a bhí mar ‘chomhaltaí scoile’ de chuid an Fhorais Pátrúnachta faoin mbliain 2001. Ba é sainmheon Caitliceach a bhí i réim i bhformhór na scoileanna, sé cinn is fiche. Bhí ceithre scoil ilchreidmheacha ann an tráth sin: An Gort Álainn; Cloch na Coillte; Gaelscoil Bhreifne ar an gCabhán, agus Gaelscoil Riabhach i mBaile Locha Riach. Anuas air sin, bhí sé cinn de Ghaelscoileanna a bhí idirchreidmheach: Gaelscoil Chill Mhantáin; Gaelscoil an Inbhir Mhóir; Gaelscoil Bhun Cranncha; Gaelscoil na gCeithre Máistrí, Dún na nGall agus Gaelscoil Bhrian Bóroimhe, an Sord, Baile Átha Cliath.²⁰¹ Cé nach raibh sé liostaithe i measc na gcomhaltaí scoile ar liosta an Fhorais in 2001 ar chúis éigin nuair a bunaíodh Gaelscoil Thulach na nÓg, Dún Búinne, in 1998, tháinig an scoil faoi phátrúnacht an Fhorais agus roghnaigh na bunaitheoirí sainmheon idirchreidmheach dó.²⁰² Bhí go maith agus ní raibh go hól.

Ach bhí an Foras Pátrúnachta féin fós éiginnte faoi shainmheon na nGaelscoileanna a bhí ag teacht faoina scáth. Léirítear an méid sin i ndrächtdhoiciméad dár teideal *Spiorad Sainiúil na Gaelscoile* a chuir Stiúrthóir an Fhorais, Dónall Ó Conaill, i dtoll a chéile sa bhliain 2000 inar luadh an fhís, éiteas agus fealsúnacht a bhain leis na Gaelscoileanna seanbhunaithe. Dúradh gur bhain dhá ghné le ‘spiorad sainiúil’ na nGaelscoileanna—‘dearcadh áirithe i leith creidimh agus i leith na hoidhreacht Gaelaí.’ Bhí sé deacair, dár le hÓ Conaill, ‘an dá ról seo a scarúint óna chéile—oidhreacht chreidimh agus oidhreacht Ghaelach.’²⁰³ Mar sin féin, nuair a thug Ó Conaill cuairt ar na scoileanna a bhí faoin bhForas sa bhliain 2000 agus chuir i gcomparáid leis na scoileanna seanbhunaithe iad scríobh sé go raibh ‘an-atmaisféar gaelach

201 Liosta de Chomhaltaí Scoile an Chuideachta, c.2001.

202 Liosta Poiblí 2018.

203 Drächtdhoiciméad ar *Spiorad sainiúil na nGaelscoileanna*, Bealtaine 2000, 1.

iontu' agus go raibh 'infheictheacht na Gaeilge agus na hoidhreacht Gaelaí le brath orthu.' Os a choinne sin, cheap sé nach raibh caighdeán Gaeilge 'ag an oiread céanna tuistí is a bhíodh' agus luaigh sé go raibh boird bhainistíochta cuid de na scoileanna ag déanamh a ngnó trí Bhéarla.²⁰⁴ I dtuairim an Fhorais féin ba rud beagáinín éagsúil iad na Gaelscoileanna nua i dtéarmaí sheilbh na dtuismitheoirí ar an nGaeilge de, rud a bhí i gcontrárthacht leis na Gaelscoileanna seanbhunaithe faoi phátrúnacht na hEaglaise.

Cé go raibh an tuairim ann go raibh meon beagáinín éagsúil ag roinnt de thuismitheoirí na nGaelscoileanna nua faoin bhForas d'fhéadfadh ceist mhúineadh an reiligiúin laistigh den seomra ranga nó lasmuigh di a bheith ina an chnámh spairne in amanna. Chruthaigh an cheist sin an comhthéacs ina bhféadfadh easaontas tarlú idir na tuismitheoirí ar chúrsaí sainmhéoin na nGaelscoileanna, agus in amanna tógadh cúrsaí pearsantachtaí, polaitíochta agus smachta isteach sa scéal. Go deimhin, ón tráth ar bunaíodh Gaelscoil an Ghoirt Álainn in 1993 bhí deacrachtaí ann 'maidir le múineadh teagasc Críostaí éagsúla' laistigh den scoil. Shocraigh baill an Fhorais ag an am 'gurb fhadhb inmheánach sa scoil a bhí ansin agus nár chóir don Fhoras [a] ladar a chur isteach sa scéal.'²⁰⁵ Tríd is tríd fágadh an cheist ag na scoileanna féin agus lean an Foras Pátrúnachta ar aghaidh mar phátrún ag leibhéal an stáit.

Ach nuair a d'ardaigh Tomás Ó Dúlaing, Príomhoide Ghaelscoil Thulach na nÓg, ceist an idirchreidmheais ag seimineár a d'eagraigh an Foras ar an 9 Meitheamh 2001 san Óstán Kilmore ar an gCabhán níorbh eol dóibh siúd a bhí i láthair go raibh raic ollmhór ar na bacáin a mheallfadh aird na meán náisiúnta. 'Seimineár Idirchreidmheach 2001' an teideal a bhí air agus nocht Ó Dúlaing an tuairim go raibh sé deacair na sacraimintí agus teagasc creidimh a mhúineadh 'toisc gur scaradh daltaí óna chéile.'²⁰⁶ B'in nós a bhí á chleachtadh sa Ghaelscoil sin ag Ó Dúlaing féin agus ní raibh sé ag teacht leis an sainmhéon idirchreidmheach a luadh cheana agus a leagadh síos i gCill Mhantáin ina mbeadh na daltaí le chéile sa rang don teagasc Críostaí.

204 *Ibid.*, 6.

205 Miontuairiscí Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, an 18 Samhain 1993, 1.

206 Tuairisc ar Sheimineár Idirchreidmheach 2001, an 15 Meitheamh 2001, 1.

Ina dhiaidh sin cuireadh an cheist faoi bhráid cruinnithe de chuid an Fhorais Pátrúnachta ar an 20 Meitheamh. Dúradh faoi Ghaelscoil Thulach na nÓg go raibh ‘plé ar siúl sa scoil faoi shainmhíniú ar Ghaelscoil idirchreidmheach, faoi mhúineadh an chreidimh, an clár a mhúinfear agus cathain a mhúinfear agus a ullmhófar daltaí do na sacraimintí de réir shainmheon na scoile.’ Socraíodh go raibh ‘gá don [Fhoras] treoir chinnte a leagadh síos’.²⁰⁷ Ar ball ag an gcrúinniú céanna rinneadh plé fada ar an sainmhíniú a bhí ar Ghaelscoil idirchreidmheach agus aontaíodh ar dhréachtsainmhíniú:

Sainmhíniú ar Ghaelscoil Idirchreidmheach

Feidhmeoidh Gaelscoil Idirchreidmheach faoi chomhspiorad Caitliceach/Protastúnach. Tabharfar aitheantas don chaoi a saibhraíonn an dá chreideamh agus na sainchreidimh laistigh den Phrotastúnachas saol na hÉireann.

- Spreagfar tuiscint agus inglacthacht dá modhanna adhartha
- Ullmhófar na daltaí do na sacraimintí a bhaineann leo
- Leagfar dualgas ar an scoil tábhacht na caoinfhulaingthe a aithint agus a cheiliúradh
- Tá freagracht ar an scoil idirchreidmheach freastal ar an dá mhóorthraidisiún Chríostúla agus na siollabais chreidimh reatha atá leagtha síos ag easpaig na ndeóisí cuí a leanúint.

Cleachtas

Tá dualgas ar an mbord bainistíochta spiorad sáiniúil na scoile atá ag teacht leis an sainmhíniú ar Ghaelscoil idirchreidmheach a luaitear anseo a chosaint agus a bheith cuntasach don phátrún as é a chosaint.

Tá dualgas ar na múinteoirí an dá chreideamh mar atá leagtha síos ag na heaspaig chuí a mhúineadh ina n-iomláine taobh istigh d’am oifigiúil na scoile de réir Rialacha do Bhunscoileanna Náisiúnta.²⁰⁸

Ba athdhearbhú an mhéid sin ar an gcleachtas a bhí sna Gaelscoileanna idirchreidmheacha cheana féin, ach nach raibh polasaí sainmheoin ag an bhForas dóibh go dtí sin. Mí níos déanaí, i Lúnasa 2001, sheol bord bainistíochta Ghaelscoil Thulach na nÓg cóip de chlár creidimh na scoile chuig an bhForas agus seoladh an Sainmhíniú ar Ghaelscoil Idirchreidmheach ar ais go cathaoirleach an bhoird.²⁰⁹ Reáchtáladh

207 Miontuairiscí Choiste Riartha an Fhorais Pátrúnachta Óstán Cashel Palace, Caiseal, an 20 Meitheamh 2001, 2.

208 *Ibid.*, 5.

209 Tuairisc an Stiúrthóra, An Foras Pátrúnachta, an 29 Lúnasa 2001, 1.

cruinniú idir bord bainistíochta na scoile, Tomás Ó Dúlaing, agus ionadaí na múinteoirí ar an 13 Feabhra, 2002. Cé go raibh an cruinniú ‘an-dian,’ de réir mhiontuairiscí Dhónaill Uí Chonaill, Stiúrthóir agus Rúnaí an Fhorais, ghlac an bord le sainmhíniú an Fhorais. D’fhág seo nach raibh an príomhoide ná ionadaí na múinteoirí agus tuismitheoir amháin ar an mbord sásta. Ba réiteach géarrthearma a bhí ann agus thiocfadh an cheist aníos arís.²¹⁰ Dhealraigh sé gur bhain an t-easaontas leis an tuiscint ar an idirchreidmheas. Bhí dream amháin ann—na múinteoirí, roinnt de na tuistí agus Ó Dúlaing—ar theastaigh uathu go múinfí an teagasc Críostaí lasmuigh d’uaireanta scoile. Theastaigh ón bhForas Pátrúnachta cloí le téarmaí an idirchreidmheais a leagadh síos nuair a bunaíodh an scoil—sé sin go múinfí an teagasc Críostaí laistigh d’uaireanta scoile ionas go mbeadh tuiscint níos fearr ag páistí an dá thraidisiúin reiligiúnaigh ar a chéile.²¹¹ Ach, de réir an *Sunday Independent*, tháinig deacrachtaí chun cinn le linn an chleachtaidh don chéad chomaoineach nuair a bhí an tras-substaintiú á mhúineadh agus baineadh na páistí Protastúnacha amach as an rang.²¹²

Ach an gníomh a chruthaigh conspóid náisiúnta as an aighneas ná go ndeachaigh Ó Dúlaing ag labhairt leis na meáin i ndiaidh an chruinnithe agus chuir sé litir thart chuig na tuismitheoirí ina ndúirt sé go gcuirfeadh cinneadh an bhoird leis an deighilt agus gur cinneadh neamhdhaonlathach a bhí ann a sháraigh an próiseas daonlathach faoin sainmhíniú air. D’aontaigh na tuismitheoirí, a dúirt sé, gur chóir don teagasc Críostaí tarlú lasmuigh d’uaireanta scoile.²¹³ Ghlaigh an Foras Patrúnachta cruinniú speisialta chun an chonspóid a phlé agus tugadh comhairle dlí dóibh gan labhairt ar na meáin faoin méid a bhí tite amach. Mar sin féin, scríobhadh preasráiteas a d’úsáidfí ‘dá mba ghá.’²¹⁴ Rinne an preasráiteas clár creidimh idirchreidmheach an Fhorais a chosaint agus cuireadh in iúl gur glacadh leis an gcur chuige sin

210 Miontuairiscí Choiste Riartha an Fhorais Pátrúnachta, Óstán Cashel Palace, Caiseal, an 20 Márta 2002, 2.

211 *Irish Times*, an 29 Márta 2002.

212 *Sunday Independent*, an 31 Márta 2002.

213 Litir Thomás Uí Dhúlaing go tuismitheoirí Ghaelscoil Thulach na nÓg, an 15 Márta 2002.

214 Miontuairiscí Choiste Riartha FPSLG, Óstán Cashel Palace, Caiseal, an 3 Aibreán 2002, 1.

tar éis ‘iniúchadh’ agus ‘plé’ i measc na dtuismitheoirí. Anuas air sin, dúradh gur roghnaíodh na boird bhainistíochta faoin bhForas, ceann Ghaelscoil Thulach na nÓg san áireamh, trí ‘próiseas atá fíor-daonlathach.’²¹⁵ Mar fhreagra ar an gcruinniú scríobh tuismitheoir amháin, Michael Dungan, chuig an mbord bainistíochta, thar ceann *‘the school’s Church of Ireland families.’* Mhínigh sé faoi chinneadh an bhoird diúltú do shainmhíniú an Fhorais gur *‘a shocking U-turn on your previous endorsements of the school’s own draft policy’* a bhí ann. Sa chomhthéacs idirchreidmheach, dúirt sé, *‘obliging the parents of one official denomination to remove their children during the doctrinal instruction of the other is not only contrary to the spirit of the interdenominational schooling, it is discriminatory.’*²¹⁶ Faoi mhí an Mhárta 2002 agus na meáin á phlé go rialta bhí cathaoirleach an bhoird bainistíochta, Susan Power, ar buile le hÓ Dúlaing. Scríobh sí chuige go gcuirfí próiseas smachta i bhfeidhm mar gheall ar an litir a bheith *‘offensive and inaccurate’* i leith sheasamh an bhoird agus an Fhorais.²¹⁷ Tugadh Ó Dúlaing ós comhar coiste smachta in Óstán an Glenroyal i Má Nuad go luath ina dhiaidh sin. Bhí cúrsaí éirithe chomh teasaí sin gur thairg an tEaspag Richard Clarke, Easpag na Mí agus Chill Dara, Eaglais na hÉireann, a bheith mar idirghabhálaí.²¹⁸

Bhí an Foras amhrasach faoi ról na meán le linn na conspóide. Dúradh fúthu i gcáipéis inmheánach gur cheap ‘ana-chuid... nó ligeann siad orthu go gceapann, gur aighneas creidimh é seo.’²¹⁹ Sampla amháin de seo ná gur chuir David Quinn i leith Uí Dhúlaing agus a lucht tacaíochta nach raibh aon ghlacadh acu leis an reiligiún. Scríobh sé sa *Sunday Times* i mBealtaine 2002 go raibh siad i gcoinne mhúineadh an reiligiúin ar scoil, ní mar gheall air go bhféadfadh sé a bheith *‘controversial and divisive’* ach *‘merely because it is religion.’*²²⁰ Bhí an Foras ag argóint gur chonspóid a bhí ann a bhain le príomhoide nach raibh sásta cloí le

215 *Ibid.*, 2.

216 Michael Dungan chuig bord bainistíochta Ghaelscoil Thulach na nÓg, an 14 Márta 2002.

217 Litir Susan Power, cathaoirleach an bhord bainistíochta chuig Tomás Ó Dúlaing, an 21 Márta 2002.

218 *Irish Times*, an 29 Márta 2002.

219 Anailís Straitéiseach ar Chás Thomáis Uí Dhúlaing, An Foras Pátrúnachta, 2002.

220 *Sunday Times*, an 5 Bealtaine 2002.

sainmheon a leagadh síos ar dtús báire ná leis an méid a bhí ón mbord bainistíochta agus an Foras féin. Scríobh Breandán Mac Cormaic chuig an *Irish Times* maidir leis an gconspóid thart faoin am seo. Mhínigh sé gur cur chuige radacach a bhí san oideachas idirchreidmheach. Ní raibh tacaíocht fhollasach na n-eaglaisí ag an éiteas go fóill. Sa mhullach air sin, ba é croílár an choincheapa ná an chaoimhfulaingt agus an dlúth-pháirtíocht idir an dá thraidisiún. Maidir le bunús na faidhbe sa scoil, scríobh sé go raibh an cleachtas á mholadh—sé sin go scarfaí na daltaí óna chéile le linn réiteach don Chéad Chomaoinéach—ag teacht salach ar éiteas na scoile. ‘*The stand taken by the principal with regard to “segregation” was puzzling to say the least,*’ a scríobh sé, mar nach raibh fadhb aige ‘*with the segregation of the same children after school hours.*’ Briseadh Ó Dúlaing as a phost mar gheall ar an litir a d’fhoilsigh sé a bhí ag teacht salach ar mhianta daonlathacha an bhoird bainistíochta agus na dtuismitheoirí, a dúirt Mac Cormaic. ‘*If the letter had never been issued,*’ a scríobh sé, ‘*it is extremely unlikely there would have been any disciplinary hearing and Mr Ó Dúlaing would still be principal of Gaelscoil Thulach na nÓg.*’ Ba é ‘*the core issue,*’ dár le Mac Cormaic, ná cé a bhí i mbun na nGaelscoileanna a stiúradh, an príomhoide nó an bord bainistíochta. Ceist eile, lena ais sin, ná ‘*does the principal and even a majority of the parents have the absolute right to change the ethos of the school?*’²²¹

Dar le Ní Fhearghusa gur chiúnaigh rudaí síos ina dhiaidh sin tar éis na bliana 2000 agus níor chuala sí aon rud eile ó shin i leith Ghaelscoil Thulach na nÓg.²²² Leanadh le bunú Gaelscoileanna idirchreidmheacha. In 2005, mar shampla, bunaíodh Gaelscoil an tSlí Dála i gContae Laoise, an t-aon Ghaelscoil sna Sé Chontae Fíchead atá faoi chomhphátrúnacht, Eaglais na hÉireann agus an Eaglais Chaitliceach, agus atá ina scoil an-bheag tuaithe. Mar a mhíníonn Ó hAiniféin, ‘dúnadh an scoil sa pharóiste agus theastaigh uathu an scoil a oscailt arís. Bhí pobal Eaglais na hÉireann ann a bhí gníomhach ag iarraidh bun-scolaíocht a bheith arís sa bparóiste agus osclaíodh an Ghaelscoil ansin le an-chabhair ón Easpag Willie Walsh... Ní heol do dhaoine go bhfuil a leithéid d’ainmhí sa chóras, ach tá.’²²³ Tá léargas tugtha faoin tráth seo ar chúrsaí éitis, creidimh agus an Fhorais Pátrúnachta. B’fhoras

221 Dréacht d’alt le Breandán Mac Cormaic, a foilsíodh san *Irish Times* c. 2002.

222 Agallamh.

223 Agallamh le hÓ hAiniféin.

tábhachtach i réimse eile den Ghaelscolaíocht—soláthar ábhar agus taighde—é bunú na heagraíochta COGG thart faoin am seo.

Advanced Review Copy

CAIBIDIL 10:
BUNÚ NA COMHAIRLE UM OIDEACHAS
GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA
(COGG), 2002

AGUS É AG TABHAIRT LÉACHTA ag ócáid de chuid Eagraíocht na Scoileanna na Gaeltachta in 1999 lonnigh Seosamh “Josie” Mac Donnacha forbairt na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) i gcomhthéacs an phlé a thosaigh ag deireadh na 1980í mar gheall ar Acht Oideachais agus Mary O’Rourke mar Aire Oideachais. Féachadh, a deir sé, chun bonn reachtúil a chur faoin gcóras oideachais ina iomláine.²²⁴ Ina dhiaidh sin cruthaíodh an comhthéacs d’fhorbairt COGG tríd an bplé a thosaigh faoi bhunú na mbord réigiúnach oideachais, de thoradh mholtaí an Pháipéir Ghlais Oideachais in 1992. Níor bunaíodh na boird ar deireadh thiar thall, ach bunaíodh COGG.²²⁵ Ba léir, arsa Mac Donnacha, ag tús na 1990í, ‘do dhaoine a bhí ag plé le cúrsaí oideachais Gaeltachta go raibh géarchéim sa réimse sin agus gur ag dul in olcas a bhí sé seachas a bheith ag fáil níos fearr.’ Eisíodh dhá thuarascáil roimhe sin, *Bunoideachas Trí Ghaeilge sa Ghaeltacht*, a d’fhoilsigh Comhar na Múinteoirí Gaeilge in 1981, agus *Tuarascáil an Chomhbhoiste um Oideachais sa Ghaeltacht*, a d’fhoilsigh an Roinn Oideachais, Roinn na Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta i lár na 1980í. Ach níor cuireadh i bhfeidhm moltaí an dá thuarascáil sin. Faoi thús na 1990í bhí Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta ar an bhfód, ‘comhartha gur aithin tuismitheoirí agus múinteoirí Gaeltachta go gcaithfidís féin gníomhu má bhí siad ag súil go dtiocfadh aon athrú ar an scéal.’²²⁶ Mhínigh Mac Donnacha gur thuig Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta, Gaelscoileanna agus Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge de réir a chéile go raibh gá le struchtúr nua a mbeadh riachtanais na Gaelscolaíochta uilig faoina gcúram aige. ‘Tháinig forbairt ar an smaointeoireacht seo de réir a chéile,’ ar sé. ‘Ar dtús bhí muid ag caint ar théacsleabhair amháin, ansin thosaigh daoine ag rá gur chóir a bheith ag smaoinreamh ar áiseanna teagaisc seachas téacsleabhair amháin, agus ina dhiaidh sin tháinig an tuairim chun cinn gur chóir a bheith ag lorg struchtúr a

224 *An tAcht Oideachais—Deiseanna agus Dúshlán*, 22 Feabhra 1999, 1.

225 *Ibid.*, 2.

226 *Ibid.*

bheadh freagrach as gach gné den oideachas Gaeltachta.²²⁷

B'éigean do lucht na Gaelscolaíochta dul i mbun stocaireacht leanúnach i lár na 1990í chun COGG a bhaint amach. Uaireanta ba dhreamanna a shamhlófá a bheadh fabhrach don choincheap a bhí ag seasamh ina choinne. Bhí sé ina raic idir lucht na Gaelscolaíochta agus Bord na Gaeilge ag druidim i dtreo dheireadh na bliana 1995. Bhraith Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta, go háirithe, nach raibh Bord na Gaeilge ag tacú leis an éileamh a bhí ann ar bhord ar leith don Ghaelscolaíocht a bhunú. Cuireadh litir rúnda a sheol Bord na Gaeilge chuig an Roinn Oideachais i gcló i leathan-aigh an *Irish Times*. Ba léir go raibh Bord na Gaeilge sásta go mbeadh ionadaíocht agus 'dualgais' áirithe ar na boird réigiúnacha i leith na Gaeilge, i leaba bord Gaelscolaíochta a bhunú. Cháin Pól Ó Foighil, a bhí mar bhall tofa d'Údarás na Gaeltachta, Bord na Gaeilge as an seasamh a ghlacadh, agus cáineadh an tAire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta, Mícheál D. Ó hUigín, chomh maith. Níor thacaigh Ó hUigín go sonrach leis an moladh agus d'éiligh Ó Foighil 'ráiteas láidir' a eisiúint gan mhoill a tháinig le mianta an phobail mar a cuireadh in iúl iad ag cruinniú ar an gCeathrú Rua roimhe sin.²²⁸ Ba ghearr go raibh athrú i bport an bhoird. Ag tús Eanáir 1996, d'eisigh Bord na Gaeilge ráiteas a chuir in iúl go mbeidís ag tacú le 'foras náisiúnta... a chinnteodh leorsholáthar áiseanna, oiliúint inseirbhíse agus seirbhís tacaíochta.' Sa mhullach ar sin, éilíodh sa ráiteas 'go dtabharfaí aitheantas ar leith struchtúrtha do riachtanais speisialta oideachais na Gaeltachta.'²²⁹

Mar sin féin, bhí an rialtas Lucht Oibre/Fine Gael ina chonstaic go fóill. I Nollaig na bliana 1995 chuir Mícheál Martin TD, urlabhraí Fhianna Fáil ar an oideachas, ceist pharlaiminte mar gheall ar cheist an bhoird Gaelscolaíochta ar an Aire Oideachais Niamh Bhreathnach. Iarradh ar Bhreathnach an raibh pleananna ar bith ann bord oideachais réigiúnach a bheadh freagrach as an oideachas sna scoileanna Gaeltachta, sna Gaelscoileanna agus sna Gaelcholáistí a bhunú i gcomhthéacs an Pháipéir Bháin a bhí le foilsiú. Freagra diúltach a fuarthas.²³⁰ Mhaigh

227 *Ibid.*, 3.

228 Gearrthán ón *Irish Times*, an 13 Nollaig 1995, 3.

229 Preasráiteas, Bord na Gaeilge, an 6 Eanáir 1996.

230 Ceist pharlaiminte ó Mícheál Martin ar Niamh Bhreathnach, an 13 Nollaig 1995, 1.

Bhreathnach go raibh sé i gceist an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh de na boird réigiúnacha a bhí le bunú. *'I would be concerned,' ar sí, 'that the establishment of a separate board for Gaeltacht and all-Irish schools would diminish the status of the Irish language in the areas and in the activities of other boards.'* Níor theastaigh uaithi, a dúirt sí, *'to "ghettoise" the teaching of Irish or Irish-medium schools.'*²³¹ Mar a dúradh i leathanaigh *Anois*, agus seans maith gur ar aon intinn le lucht na Gaelscolaíochta a bhí an nuachtán, 'b'fhearr a bheith in "*ghetto*" aitheanta ná a bheith ag bun an chláir gnó ag gach bord áitiúil oideachais.²³²

Tháinig tuilleadh borrrtha faoin bhfeachtasaíocht ar mhaithe leis an mbord Gaelscolaíochta i mí Bhealtaine 1996. Ba léir gur úsáideadh modhanna stocaireachta 'measúla' a bhí dírithe ar lucht na cumhachta. Pleanáladh 'lá stocaireachta' in Óstán Buswells i mBaile Átha Cliath don 9 Bealtaine agus cuireadh ceisteanna parlaiminte ar Bhreathnach an lá céanna. Beartaíodh chomh maith go gcrochfaí fógraí i siopaí agus in 'ionaid ina mbíonn clinicí ag T.D.' Diríodh isteach ar fheachtas stocaireachta áitiúil i ndáilcheantair John Bruton, Dick Spring, Niamh Bhreathnach, Mhícheáil D. Uí Uigín agus Phroinsias de Rossa. Rinneadh iarracht, sa mhullach air sin, toscaireachtaí áitiúla a sheoladh chuig gach aire rialtais, fiche teachta dála agus, chomh fada agus gurbh fhéidir, lorgaíodh cruinnithe le teachtaí eile. Cuireadh fógraí tacaíochta sna nuachtáin agus cinneadh go gcrochfaí fógraí poiblí sna ceantair Ghaeltachta. Mar chuid den ghníomhaíocht uilig seo bheadh 'feachtas i gcoinne dhearcadh Niamh Bhreathnach i leith na Gaeilge.' Lorgaíodh 'ráiteas soiléir' ó Fhianna Fáil freisin, agus aontaíodh gur chóir coiste leathan tacaíochta a bhunú ina mbeadh Conradh na Gaeilge, na ceardchumann agus Ag Foghlaim le Chéile páirteach, chun brú polaitiúil breise a chur ar an rialtas agus an lasair a chur sa bharrach.²³³ D'éirigh go maith leis an bhfeachtasaíocht, ach thug corrdhuine suntas do na modhanna a bhí á n-úsáid. Le linn díospóireacht a bhain le cúrsaí tu-moideachais i leathanaigh an *Irish Times* i rith an ama seo, nocht Gearailt Mac Eoin tuairimí eile a bhain le gluaiseacht na Gaeilge trí chéile. Theastaigh ó Mhac Eoin go dtiocfadh Conradh na Gaeilge arís ar a '*political will*' agus go bhfillfeadh an eagraíocht ar '*some gentle pressure*' a

231 *Ibid.*, 2.

232 Gearrthán ó *Anois*, an 16-17 Nollaig 1995.

233 Feachtas Stocaireachta—Moltaí, Aibreán/Bealtaine 1996, 2.

chur ar pholaiteoirí. *‘This is something which Gaelscoileanna cannot and should not be expected to do,’* a d’áitigh sé. Bheadh an Conradh in ann é seo a dhéanamh, *‘if they took the courage to fund themselves by public subscription in place of the present stifling state subvention.’*²³⁴

D’ainneoin cháineadh leithéidí Mhic Eoin d’éirigh le gluaiseacht na Gaelscolaíochta COGG a bhaint amach. Ba chuid de ghealltanais Fhianna Fáil i leith na Gaelscolaíochta go mbunófaí COGG agus nuair a tháinig Micheál Martin i gcomharbas ar Bhreathnach b’in a gheall sé in óráid uaidh nuair a seoladh an Bille Oideachais ar an 12 Nollaig 1997. Mhínigh Martin go raibh ‘soláthar sa Bhille chun comhlacht a bhunú, a mbeidh sé mar chúram air pleanáil agus comhordú a dhéanamh ar sholáthar téacsleabhar agus áiseanna teagaisc agus foghlama trí Ghaeilge.’ Thairis sin, chuirfeadh an comhlacht comhairle ar an Aire ‘maidir le polasaithe a bhaineann le soláthar agus cur chun cinn oideachais trí mheán na Gaeilge (agus) soláthróidh sé seirbhísí tacaíochta do scoileanna trí mheán na Gaeilge.’²³⁵ An lá chéanna ag cruinniú de Choiste na nOifigeach de Ghaelscoileanna thagair Uachtarán Ghaelscoileanna, Vivian Uíbh Eachach, don ‘bhua suntasach’ a baineadh amach le foilsiú an bhille nua. Ghabh sé buíochas le Breandán Mac Cormaic ‘as ucht an méid a bhí déanta aige chun an struchtúr sin a bhaint amach.’²³⁶ Mar a áitíonn Ní Fhearghusa, a bhí saite i lár an fheachtais ar son COGG í féin, ‘an íoróin mór ná an ceann [i. an bord] nach raibh luaite ar dtús b’in an ceann gur éirigh linn a bhaint amach ar deireadh.’²³⁷

Bhí roinnt deacrachtaí tosaigh ann le COGG a chur ar an bhfód. Bhí buairt ar Ghaelscoileanna faoi ‘comhdhéanamh an údaráis atá le bunú’ agus an mbeadh ‘údarás ag foras trasteorann orainn.’²³⁸ Ba dheacair, chomh maith, ar Ghaelscoileanna an toghchán don eagraíocht a reáchtáil. Go háirithe bhí constaic ann i dtaobh eolas ‘a fháil ó na scoileanna faoi cé a bhí ar na boird bhainistíochta agus ní rabhadar sásta go minic seoltaí baile a thabhairt dúinn.’ Cé go ndear-

234 Gearrthán ón *Irish Times*, an 15 Bealtaine 1996.

235 Óráid ón Aire Oideachais, Micheál Martin, an 12 Nollaig 1997.

236 Miontuairiscí, Coiste na nOifigeach, an 12 Nollag 1997.

237 Agallamh.

238 Miontuairiscí an Choiste Riartha, an 23 Eanáir 1999, 2.

na Nóra Ní Loinsigh agus Helmi Bean Saidléir iarracht dul i dteagmháil le gach éinne a bhí i dteideal ainmniúcháin a dhéanamh nó vóta a chaitheamh níor éirigh leo i gcónaí. Cinneadh bogadh ar aghaidh leis an bpróiseas agus tháinig Daithí Ó Maolchoille isteach chun na vótaí a chomhaireamh.²³⁹ Sa mhullach air sin, bhí tuiscint ann i measc Gaelscoileanna go leanfadh an eagraíocht ar aghaidh ar bhonn neamhrialtasach, murab ionann agus COGG a bhí ina struchtúr stáit, agus, mar a dúirt Mac Cormaic, ‘d’fhéadfadh sé tarlúint nach n-aontódh lucht na Gaelscolaíochta le polasaithe nó le feidhmiú an struchtúir nua amach anseo.’ Dá dtarlódh sé sin ‘bheadh sé ríthábhachtach go mbeadh eagrás láidir neamhspleách fós ann chun freasúra éifeachtach a dhéanamh.’²⁴⁰ Tháinig COGG ar an bhfód in 2002 tar éis beagnach scór bliain de chur agus cúiteamh agus trí bliana den fheachtasaíocht dhian. An tátal atá ag Mac Donnacha i leith COGG ná gur fhorbairt fhíordhaonlathach a bhí ann a tháinig ón ithir aníos, a baineadh amach trí throid agus a thugann deis do mhuintir na Gaeltachta agus na Gaelscolaíochta cuid mhaith dá bhfadhbanna oideachasúla féin a réiteach.²⁴¹ Bhí Muireann Ní Mhóráin i gceannas ar COGG ar feadh scór bliain sular tháinig Jacqueline Ní Fhearghusa i gcomharbacht uirthi in 2022. Mar a scríobhadh ar *Tuairisc.ie* in 2021:

Tá nach mór 20 bliain caite ag Muireann Ní Mhóráin le COGG agus í ina ceann feadhna ar an eagraíocht ó bunaíodh í in 2002. Deireadh ré a bheidh ann do COGG nuair a éireoidh Muireann Ní Mhóráin as agus logh mór fágtha ar earnáil an Ghaeloideachais aici le beagnach 20 bliain anuas... Cé go bhfuil easnaimh i gcónaí ar an soláthar téacsleabhar agus áiseanna Gaeilge do ranganna scoile aithnítear go bhfuil feabhas mór tagtha ar chúrsaí ó leagadh an cúram ar COGG. Chomh maith le soláthar áiseanna teagaisc agus téacsleabhar tá breis is 100 píosa taighde déanta ag an eagraíocht ó 2002 i leith. Tá an eagraíocht lárnach chomh maith i gcur i bhfeidhm an Pholasaí Oideachais don Ghaeltacht agus i soláthar áiseanna don pholasáí sin.²⁴²

D’éirigh le COGG biseach a chur ar an nganntanas soláthar ábhar agus taighde a bhí ina chonstaic mhór d’fhás agus d’fhorbairt na Gaelscolaíochta ó thús na 1970í. Bhí COGG ina chrann taca tábhachtach don ghluaiseacht, nó earnáil mar is fearr glaoch air faoin

239 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Meitheamh 2001.

240 Nótaí ó chaint a thug Breandán Mac Cormaic thart faoin mbliain 2000, 3.

241 *An tAcht Oideachais—Deiseanna agus Dúshlán*, an 22 Feabhra 1999, 3.

242 *Tuairisc.ie*, an 30 Samhain 2021.

tráth seo, agus é ag bogadh isteach sa mhílaois nua.

Advanced Review Copy

CAIBIDIL 11:

FORBAIRT NA GLUAISEACHTA 2002-2008

‘NEW STYLE GAELSCOILEANNA CONFERENCE’ a tuairiscíodh in *Carn* faoin gcomhdháil bhliantúil a reáchtáladh in Órán Mór na Gaillimhe i Samhain na bliana 2002. B’in an chéad uair a eagraíodh comhdháil oideachais do lá iomlán amháin ar an Aoine agus gnáth-chomhdháil ar an Satharn. Le bliain nó dhó anuas de bharr tuilleadh airgid a fuarthas ó Fhoras na Gaeilge bhí dul chun cinn áirithe déanta mar shampla, ‘*the capacity to have a full time staff of six; the production of (a Marketing Handbook for Post Primary Education through Irish), and the possibility to expand the conference format with an overseas guest speaker.*’ Ag an gcomhdháil chéanna d’fhógair Ní Fhearghusa go raibh sí le héirí as mar fheidhmeannach chun tabhairt faoi ról mar chigire Gaeilge sa Roinn Oideachais.²⁴³ Agus í ag labhairt le *Beo* thart faoin am céanna, dúirt Ní Fhearghusa gurb é ceann de na cúraimí ba thábhachtaí a bhí ag Gaelscoileanna le blianta beaga anuas ná ‘feidhmiú mar cheann de na comhpháirtithe oideachais i dteannta na n-eaglaisí, an INTO agus Ag Foghlaim le Chéile.’ Chiallaigh sé seo go raibh ‘ionchur díreach ag an eagraíocht i gcinntí polasaithe a dhéanann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.’ Bhí ag éirí leis an eagraíocht ‘de réir a chéile dul i bhfeidhm ar an roinn agus ar na comhpháirtithe oideachais eile.’²⁴⁴

Má bhí Gaelscoileanna ag dul i bhfeidhm ar an roinn i roinnt slite de réir na fianaise atá le fáil bhí deacrachtaí i gcónaí le Gaelcholáistí a bhunú go háirithe. In 2003 dhiúltaigh an Roinn Oideachais aitheantas a thabhairt do Choláiste Oiriaila, mar a thuairiscigh *Carn*, ‘*on the frail excuse that no decision could emanate until a report had been received by the department from a commission set up on the provision of second level education in Irish.*’ B’éigean do thuismitheoirí agus a lucht tacaíochta caingean dlí a chuir ar an Aire Oideachais, Noel Dempsey, Fianna Fáil, sula dtiocfaí ar réiteach agus tugadh aitheantas don scoil ó Mheán Fómhair 2004 ar aghaidh, ‘*too late unfortunately for those leaving the primary level local Gaelscoil this year.*’²⁴⁵ Ag comhdháil bhliantúil Gaelscoileanna i mBaile Átha Luain an bhliain sin ritheadh rúin a d’éiligh ‘dul chun cinn suntasach’

243 *Carn*, uimh. 118-120, Geimhreadh 2002, 20.

244 *Beo*, eagrán 11, Márta 2002.

245 *Carn*, uimh. 123, Fómhair 2003, 14.

ón Aire Oideachais ar cheist an tsoláthair oideachais lán-Ghaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile.²⁴⁶

B'éigean do thuismitheoirí Gaelscolaíochta ag an mbunleibhéal dul i mbun agóide chomh maith thart ar 2005. Thit an dualgas seo orthu i rith bhlianta an Tíogar Cheiltigh—tráth ar chreid go leor daoine go raibh ag trá ar shaorálaíochas na dtuismitheoirí de bharr cúramaí oibre a bheith ar bheirt tuismitheoirí, seachas duine amháin mar a bhí roimhe sin. B'in a dúirt príomhoide Scoil Neasáin nuair a chuir Patricia Griffin agallamh uirthi thart ar 2006. Roimhe sin bhí daoine 'sásta a bheith amuigh ansin maidin Dé Sathairn... sásta obair déanach san oíche... sásta an t-am seo a thabhairt,' ach faoi 2006 ní raibh 'an t-am ag daoine a thuilleadh.'²⁴⁷ De bharr an chruacháis ina raibh siad, d'aimsigh tuismitheoirí Ghaelscoil Cholmcille i Seantrabh, Baile Átha Cliath, at t-am i samhradh na bliana 2004 chun dul i mbun slógaidh. Ar son cóiríochta níos fearr a bhí an agóid, óir bhí an scoil ar an bhfód le hocht mbliana agus í faoi bhrú i gclubtheach áitiúil CLG agus uimhreacha ag fás i gcónaí. *'They held their protest on the site available and built a cardboard school to make their point,'* a dúradh in *Carn*. B'údar imní é do lucht na Gaelscolaíochta an diúltú aitheantais do Ghaelscoileanna ag an mbunleibhéal an samhradh céanna. Diúltaíodh do leithéidí Ghaelscoil an tSáirséiligh i Leamhcán, cé go raibh sé suite i gceann de na ceantair ba mhó fais sa stát agus gur dhiúltaigh an scoil féin seachtó páiste a chlárú ceal spáis. Mar a tuairiscíodh in *Carn*:

*It can only be said in the context of the application of the new more stringent rules for Gaelscoileanna in recent years, which has reduced the numbers opening from five or six some years ago down to two, the attempt to shut down seven Gaelscoileanna on flimsy pretexts (which was resisted successfully) last year and now these late refusals that the Dept of Education is determined to emasculate the Gaelscoileanna. This must be resisted.*²⁴⁸

Ba léir ón rún a rith bord stiúrtha Ghaelscoileanna ag comhdháil na heagraíochta in 2004 a d'éiligh ar an rialtas 'polasaí an rialtais i leith fhás agus fhorbairt na scolaíochta lán-Ghaeilge a chuir in iúl i scríbhinn do Ghaelscoileanna Teo' go raibh buairt leanúnach ann faoin mbealach a bhí an Roinn Oideachais ag caitheamh le gluaiseacht na Gaelscolaíoch-

246 Lámhleabhar chomhdháil Ghaelscoileanna 2004, 18.

247 Griffin, *Dóchas is Dúchas, Hope and Heritage, Gaelscoileanna*, 46.

248 *Carn*, uimh. 126, Samhradh 2004, 14.

ta.²⁴⁹

Cé is moite de na Gaelscoileanna tuigeadh go raibh géarchéim i dtaobh mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna náisiúnta agus sna scoileanna Gaeltachta i rith na tréimhse seo. Léirigh Tuarascáil Harris, a foilsíodh in 2006, go raibh caighdeán Gaeilge na ndaltaí tithe go tubaisteach le scór bliain anuas.²⁵⁰ Bhí deacrachtaí ag go leor scoileanna—cinn Ghaeltachta san áireamh—múinteoirí le Gaeilge ar a dtoil acu a aimsiú. Mhol *Beo* go n-iompófaí ceann de na coláistí oiliúna, amhail Marino, ina choláiste oiliúna Gaeilge chun dul i ngleic leis an nganntanas.²⁵¹ Mar sin féin lean an borradh leis an nGaelscolaíocht i gcónaí. Mar a mhaigh Bláthnaid Ní Ghréacháin, Príomhfheidhmeannach Gaelscoileanna, d'oscail sé Ghaelscoil agus dhá Ghaelcholáiste nua in 2006 agus bhí dréachtú á dhéanamh ar phlean straitéiseach cúig bliana don earnáil chun go leanfaí leis an bhfás.²⁵²

Ach níorbh é múineadh na Gaeilge i scoileanna a bhí ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla an chloch is mó ar phaidrín na roinne i rith na mblianta seo. Mar scéal thairis a pléadh leis an bhfadhb sin. Chinn an roinn ar aird a dhíriú ní ar an nGaeilge a fheabhsú sna scoileanna náisiúnta, ach ar an mBéarla a bhrú ar na Gaelscoileanna—go deimhin chinn an roinn ionsaí a dhéanamh ar choincheap an tumoideachais trí chéile. Bhí baol ann le fada go dtarlódh a leithéid. Mar a léirigh Ní Mhaoláin i bpáipéar taighde a foilsíodh in 1995, 'Léirigh tuarascáil a dhífhóilsigh an Roinn Oideachais (1991) go raibh meánchaighdeán de scoileanna léitheoireachta sa Bhéarla i measc daltaí rang a cúig.. níos airde sna Gaelscoileanna seachas sna bunscoileanna ina múintear trí Bhéarla.'²⁵³ Sa bhliain 2000 chuir Scoil Mológa, Baile Átha Cliath, rún faoi bhráid chomhdháil bhliantúil Gaelscoileanna a chur in iúl nár chóir go gcuirfear 'iallach ar aon Ghaelscoil sa Phoblacht Béarla a mhúineadh i ranganna naíonán má chinneann údaráis na scoile a

249 Lámhleabhar chomhdháil Gaelscoileanna 2004, 18.

250 *Beo*, eagrán 59, Márta 2006.

251 *Beo*, eagrán 66, Deireadh Fómhair 2006.

252 *Carn* 136, Geimhreadh 2006/2007, 15.

253 Niamh Ní Mhaoláin, 'Gaelscoileanna mar chóras bunoidreachais in Éirinn,' *Irish Educational Studies* 17, uimh. 1 (1998), 303.

mhalairt.²⁵⁴ Ag an am sin bhí cleachtais éagsúla maidir le múineadh an Bhéarla ag brath ar an nGaelscoil féin. I roinnt Gaelscoileanna níor múineadh an Béarla sna ranganna naíonán ar chor ar bith, i nGaelscoileanna eile tosaíodh ar an mBéarla a mhúineadh tar éis na Cásca i rang na naíonán mór. D’ardaigh cigire amháin an cheist seo agus iad ag iarraidh a bheith a chur ina luí ar Ghaelscoil amháin go raibh siad ag sárú an dlí toisc an Béarla a bheith mar chuid den churaclam do ranganna na naíonán. Tar éis do Jacqueline Ní Fhearghusa, a bhí mar Phríomhfheidhmeannach Gaelscoileanna an tráth seo, dul i gcomhairle le Vivian Uíbh Eachach agus soiléiriú a fháil ón CNCM²⁵⁵ d’ardaigh sí an cheist le Leas-Phríomhchigire na roinne, Seán Ó Fiachra. Thuairiscigh sí go raibh ‘sé borb go leor’ léi agus é ag cur in iúl di go raibh na Gaelscoileanna áirithe sin ‘ag ceilt an Bhéarla ar pháistí’ agus ‘ag briseadh an dlí.’ Ba léir di go raibh an roinn ar an eolas faoin gcleachtas ach nach raibh cinneadh cinnte déanta acu faoi go fóill.²⁵⁶

Bhí an t-achrann ar fuchadh ar feadh roinnt blianta ach tháinig an crú ar an tairne in 2007 nuair a chinn an tAire Oideachais, Mary Hanafin, Ciorclán 44 (2007) a eisiúint a chuir iachall ar Ghaelscoileanna an Béarla a mhúineadh do naíonáin ar feadh leathuair an chloig in aghaidh an lae. Eisíodh an ciorclán in ainneoin go raibh an Roinn Oideachais éiginnte faoi stádas dleathach an churaclaim nua a tógadh isteach i ndiaidh an Achta Oideachais (1998) de bharr nár léir an raibh bunús reachtaíochta faoi aon fhorordú a ndéanfaí ina leith.²⁵⁷ Thacaigh leithéidí Chathaoirleach Pháirtí an Lucht Oibre, Brian O’Shea, leis an méid a bhí ar bun ag Hanafin. Scríobh sé alt san *Irish Times* i Samhain na bliana 2007 inar mhaígh sé go raibh ‘*the campaign for total immersion by the Irish-language movement... is ill-advised. A more inclusive and tolerant approach is required.*’²⁵⁸

Bhí ról nach beag ag an méid a bhí tite amach i Scoil Mhic Easmuinn i dTrá Lí, áit a raibh roinnt tuistí ag iarraidh go múinfi tuilleadh Béarla sa scoil, in eisiúint an Chiorcláin. I dtuairim an iriseora, Brean-

254 Rúin do Chomhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna, 2000.

255 An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

256 Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Feabhra 2000, 2.

257 *Beo*, eagrán 79, Samhain 2007.

258 *Irish Times*, an 27 Samhain 2007.

dán Delap, scríobhadh polasaí stáit a bhí bunaithe ar thuairisc cigire amháin ar an nGaelscoil i dTrá Lí agus gan aon taighde ceart oideo-laíochta le tacú leis. Cé go raibh éiginnteacht dlí ann agus easpa taighde, mar a mhínigh Delap, a rinne cáipéisí a bhí ina sheilbh tríd an Acht um Shaoráil Faisnéise a léamh, níor chuir seo ‘aon drogall ar oifigeach de chuid na roinne roimh bheith ag moladh don aire, ar an 14 Meitheamh 2006, gur chóir cumhachtaí eile faoin acht a úsáid le tabhairt ar Ghaelscoil Mhic Easmainn a polasaí i leith an luath-thumoideachais a athrú.’ I gcáipéis a scríobh an t-oifigeach úd, dúradh faoi bhord na scoile gur chóir dóibh a bheith *‘informed that the Department takes a serious view of the situation and is anxious for an urgent response that will be considered in the context of the Education Act 1998 including the provisions of Part IV (Boards of Management, their functions and provision for dissolution etc.).’*²⁵⁹

Thacaigh Gaelscoileanna go huile is go hiomlán le seasamh an bhoird bainistíochta i nGaelscoil Mhic Easmainn. Go deimhin, ba léir go raibh buairt ar an eagraíocht faoi sheasamh na roinne i leith an cháis agus na himpleachtaí a bheadh ann don Ghaelscolaíocht ag leibhéal an stáit. Mar a thuairiscigh *Carn* ar chomhdháil bhliantúil na heagraíochta in 2006, luaigh an tUachtarán, Mícheál Ó Broin, ina aitheasc *‘the benefits of immersion education’* agus d’impigh sé ar Hanafin, *‘to ensure that it was recognised within the Department of Education on the basis of research carried out in the Irish medium schools.’*²⁶⁰

Beag beann ar lucht na Gaelscolaíochta a bheith ag impí a mhalairte d’eisigh Hanafin an fo-ordú i mí Iúil 2007. Dúirt Ní Ghréacháin ag an am go raibh an gníomh místuama agus gan aon bhunús sa taighde oideachasúil ná teangeolaíochta taobh thiar dó. Mar a dúradh i *Carn*:

At the request of the Minister, the National Council for Curriculum and Assessment (NCCA) implemented a public consultation process on the development of language and literacy in Irish-medium primary schools. As a result of this process, which was based on expert research on international best-practice of immersion education, four models as well as recommendations were submitted to the Minister in January 2007, based on international best-practice with a view to developing a national policy on immersion education. It appears that this decision dismisses the international expertise, the NCCA’s own recommendations and submissions of the key players in the Irish-language and education sectors, as well as the results of the widespread research and submissions from parents

259 *Beo*, eagrán 79, Samhain 2007.

260 *Carn* 136, Geimhreadh 2006/2007, 15.

and teachers throughout the country.²⁶¹

I ndíospóireacht sa Seanad i dtreo dheireadh na bliana diúltaigh Hanafin go mbeadh aon fhiúntas le taighde idirnáisiúnta ar an gceist. Agus í ag labhairt go dátheangach dúirt sí ‘thógfadh an taighde ocht mbliana. *Any international research on this is inconclusive and I am not sure there would be any conclusions. It is just a matter of policy but I remain committed to the Irish language...* Is beag aire eile atá chomh báúil don Ghaeilge is atá mé féin.’²⁶²

Faoin am seo bhí an Foras Pátrúnachta, Gaelscoil Mhic Easmainn agus Gaelscoil Nás na Ríogh i ndiaidh caingean dlí a chuir ar an roinn. D’éirigh leo urghaire a fháil i gcoinne an chinnidh—bua sealadach ab ea é don am i láthair. Ag comhdháil bhliantúil Gaelscoileanna a réachtáladh an tráth céanna d’eisigh Dónal Ó hAiniféin torthaí taighde a rinne sé. Mar a mhaígh *Carn*, ‘*this research shows clearly that pupils in both Class 2 and Class 5 perform significantly better in the standard English reading tests than those in ordinary schools and moreover that this applies also in gaelscoileanna in disadvantaged areas.*’²⁶³ In Earrach na bliana 2008 bhí an cás cúirte fós idir dhá cheann na meá, rud a thug faoiseamh éigin do na Gaelscoileanna go mbeidís in ann leanúint ar aghaidh leis an tumoideachas ar feadh tamall eile. É sin ráite, bhí an Roinn Oideachais fós meáite ar an gcás a throid agus dhiúltaigh Rúnai an Aire, Ronnie Ryan, aon dóchas a thabhairt faoi athrú poirt nuair a rinne an Conradh Ceilteach achainí ar Hanafin. Dóchas amháin a bhí le baint, áfach, agus rud a léirigh athrú meoin ó thús na tréimhse atá faoi chaibidil, ná go raibh an INTO sásta tacú leis an tumoideachas. Thuairiscigh *Carn* gur labhair Angela Dunne, Uachtarán INTO, ag comhdháil na heagraíocht i Márta na bliana 2008 agus gur impigh sí ar Hanafin an ciorclán a aistarraingt. ‘*She further went on to say,*’ a tuairiscíodh, ‘*that immersion programmes were needed for teachers also in the light of reports that many teachers’ Irish is not of good enough standard to teach the language properly,*’ a mhalairt glan den seasamh a ghlac cuid mhaith den INTO sna 1990í nuair a cosnaíodh caighdeán Gaeilge na múinteoirí scun scan.²⁶⁴

261 *Carn* 137, Earrach/Samhradh 2007, 14.

262 Díospóireacht sa Seanad, 22 Samhain 2007.

263 *Carn*, uimh. 139, Geimhreadh 2007/2008, 14.

264 *Carn*, uimh. 140, Earrach 2008, 14.

An cheist ba mhó, is dócha, ná cad as a tháinig an cinneadh seo, ach go háirithe agus é ag teacht salach ar thaighde idirnáisiúnta? Creideann Ní Fhearghusa gur as ‘easpa tuisceana’ ar an tumoideachas sa roinn a tháinig sé. ‘Is próiseas atá i gceist agus tá tuiscintí daoine atá ag plé leis an earnáil agus tuiscintí na roinne ag forbairt an t-am ar fad...,’ a deir sí.²⁶⁵ An léamh atá ar an scéal ag Niamh Ní Mhaoláin ná go raibh seans ann go raibh lámh Macnamara fós le brath sa roinn maidir leis an gcinneadh ionsaí a dhéanamh ar an tumoideachas agus nach raibh an roinn ar aon intinn faoin gcioclán. ‘Laistigh den roinn,’ arsa Ní Mhaoláin, ‘bhí tacaíocht áirithe don tumoideachas ach bhí orthu cloí leis an líne oifigiúil. Thuig cuid mhaith de lucht na roinne ó bheith ag dul amach go dtí na Gaelscoileanna go raibh caighdeán maith ann.’²⁶⁶ Dar le hÓ hAiniféin, bhí daoine laistigh den roinn a bhí naimhdeach don tumoideachas lán-Ghaeilge:

Nuair a dheineas mo thráchtas nuair a bhí an troid sin againn an uair sin leis an iar-aire atá luaite nach bhfuil gaolta liom, agus nuair a dhein sí iarracht le Ciorclán 44 (2007) cosc a chur ar an tumoideachas, ba léir don dall féinig gur tháinig sé sin amach as bolg na roinne, as daoine a bhí go hiomlán claonta i gcoinnibh na Gaelscolaíochta, nach raibh bunús ar bith sa bhfianaise nó sa taighde aon áit lena leithéid. Cuireadh ceist orthu teacht suas le píosa taighde amháin a thacódh leis an gcur chuige sin agus theip orthu é sin a dhéanamh. Agus buíochas le Dia cuireadh an ciorclán sin... bhuel do dheinis an ciorclán sin a dhó mé féin, chaitheas isteach sa tine é chun deireadh a chur leis an gcioclán sin.²⁶⁷

Ní hamháin go raibh lámh ag Hanafin i mbrú an Bhéarla in áit an tumoideachais ar Ghaelscoileanna, nuair a d’fhorbair raic eile sa Daingean mar gheall ar rogha teanga Phobalscoil Chorca Dhuibhne, mhol an t-aire go ndéanfaí pobalbhreith sa cheantar chun tuairimí a mheas. Ach, d’ardaigh sé seo ceisteanna faoi chóras vótála a leithéid de phobalbhreith—ceisteanna mar gheall ar mhéid móraimh a bheadh de dhíth, seasamh an phátrúin chun teanga na scoile a roghnú, tuairimí áitiúla a bheith ag teacht salach ar pholasaithe ag leibhéal an stáit, agus cearta teanga lucht labhartha na Gaeltachta. Tháinig an chonspóid sin sa Daingean sna sála ar an gceann clúiteach faoin gcomharthaíocht aonteangach Gaeilge agus freasúra cuid de lucht an bhaile de bharr

265 Agallamh le Ní Fhearghusa.

266 Agallamh le Ní Mhaoláin.

267 Agallamh.

turasóirí a d'fhéadfadh 'dul ar strae'.²⁶⁸ I ndiaidh dlí a tháinig isteach in 2005 a chuir chosc ar ainm galldaithe i gceantair Ghaeltachta, chlúdaigh an chomhairle contae an t-ainm '*Dingle*' le 'An Daingean,' ach chlúdaigh cuid díobh siúd a bhí ar son an ainm ghalldaithe a choimeád na comharthaí arís le péint spraeála. Socraíodh sa deireadh go n-úsáidfi '*Dingle-Daingean Uí Chúis*' ar na comharthaí bóithre.²⁶⁹ B'ait an tréimhse é sa Daingean is cosúil.

Agus clabhsúr ag teacht leis an tréimhse seo thit an ghéarchéim eacnamaíochta domhanda, ar a nglaoitear in amanna *The Great Recession* air, amach. Bhí an mí-ádh, mar sin, ar Ghaelscoileanna go ndearna siad a bPlean Straitéiseach 2008-2011 a lainseáil ag deireadh na bliana 2008. Aidhm amháin a bhí ag an eagraíocht ná go n-osclofaí fiche Gaelscoil agus deich nGaelcholáiste nua faoin mbliain 2013. Bhí Batt O'Keefe tagtha i gcomharbas ar Hanafin faoin am seo agus mar a thuairiscigh *Carn* '*the Minister of Education... could now thwart all their efforts by his announcement in Sept. that the arrangements for recognition of new schools would be reviewed and that this process would take two years.*' Idir an dá linn, '*no new schools outside "growth" areas would be recognised.*' Bhí ceist an Chiorcláin fós ina cnámh spairne chomh maith agus níor thángthas ar aon réiteach tar éis do thoscaireacht Gaelscoileanna bualadh le O'Keefe i mí na Samhna 2008.²⁷⁰ Bheadh cath le troid ag an ngluaiseacht le linn blianta na déine agus déanfar an méid sin a chioradh i Rannóg 5.

268 *Beo*, eagrán 82, Samhain 2008.

269 *Irish Times*, an 14 Samhain 2011.

270 *Carn*, uimh 142, Geimhreadh 2008, 17.

CAIBIDIL 12:

**GAELSCOIL NA mBEANN, 2010—‘WE’RE A LONG
WAY OFF A GAELTACHT, BUT WHO KNOWS BEYOND
OUR YEARS WHAT’LL HAPPEN LIKE?’**

TÁ SCÉAL BHUNÚ NAÍSCOIL na mBeann agus Gaelscoil na mBeann i gCill Chaoil i nDeisceart Chontae an Dúin ar cheann de na scéalta is spéisiúla den ghníomhaíocht Ghaelscolaíochta de bharr an léargais a thugtar ar an nasc idir éagsúlacht ceantar ar leith agus bunú Gaelscoile. Tugtar léargas ar mheon cuid de lucht tuaithe náisiúnach na Sé Chontae, ar an ngaol idir fás na Gaelscolaíochta agus an pobal Protastúnach, agus ar ról na forbartha pobail i mborradh na Gaelscolaíochta ó thuaidh, agus neart eile lena ais sin. Ba é Éamon Mac Ruaidhrí, tógálaí fir, duine den ghrúpa bunaithe a tháinig le chéile an chéad lá. Bhí Gaeilge ag a athair agus baint aige le bunú craobh de Chonradh na Gaeilge thiar in 1981. D’fhorbair a spéis féin sa Ghaeilge nuair a d’fhág sé an scoil agus d’fhreastail sé ar ranganna ar an nGlasdromainn ina dhiaidh sin. Nuair a bhásaigh a athair in 1991 *‘I took up the helm’* sa Chonradh, ar sé. Bhí spéis ann sa cheantar agus bhíodh páistí á seoladh chun na Gaeltachta ar scoláireachtaí gach bliain. Luaigh Robert Keogh, múinteoir sa bhunscoil ar an nGlasdromainn, gur chóir sruth a thosú sa scoil Bhéarla. Tháinig Maolcholm Scott, a bhí ina oifigeach forbartha sa chomhairle áitiúil ag an am, ar bord. Nuair a d’fhág Keogh, thart faoi 1994, *‘the whole thing died, but we sort of kept up the notion of starting a náiscoil.’* Chinn siad ar chraobh de Chonradh na Gaeilge a úsáid mar ghléas chun dul i mbun bhunú na náiscoil agus fuarthas comhairle ó Chomhairle na Gaelscolaíochta. I rith an ama rinne siad athchóiriú ar fhoirgneamh de chuid an Chonartha agus baineadh leas as mar ionad cultúrtha. *‘The Gaelic League was actually a massive support to the school, both financial and the committee,’* a deir Mac Ruaidhrí. Go bunúsach b’ionann Coiste Chonradh na Gaeilge i gCill Chaoil, ar a raibh deichniúr, agus coiste na scoile.²⁷¹

Bhailigh an feachtas don naíonra neart de réir a chéile. Mar is cuimhin le Mac Ruaidhrí, *‘it was 2007 really before it was launched in Glasdrummond GAA club rooms. There was only four kids in it the first day and we had two teachers... So they took up the helm and developed it from there. But the*

271 Agallamh le Mac Ruaidhrí.

problem was getting the numbers to go to the náiscoil... Comhairle came down, a guy Réamaí Mathers, now he was very good. Mhol Mathers don choiste scoile an naíonra a bhogadh ón nGlasdhromainn, a bhí ceithre míle amach ó Chill Chaoil, isteach i dtreo áit le dlús daonra níos mó. *‘The population wasn’t enough to carry it,’* ar sé. Mar sin bhog an naíonra go talamh de chuid Shéamuis O’Hehir in 2007; *‘we got a mobile unit—it actually came from Altnagelvin Hospital in Derry... I’ll never forget the day it arrived, I says “what have we landed here?”* Tháinig feabhas ar chúrsaí de réir a chéile agus d’ardaigh na huimhreacha go cúigear déag go sciobtha. Ach bhí nithe pleanála, talún, agus maorlathais ina chonstaic leanúnach. Lá amháin fuair siad glaoch ó bhean i mBaile Átha Cliath gur léi an talamh ar a raibh an náiscoil suite agus d’impigh sí orthu an t-áitreabh a fhágáil. Ní hé Cill Chaoil an áit is éasca talamh a aimsiú, ach deir Mac Ruaidhrí go ndearna an Bord Oideachais a chuid ansin ag cabhrú leo teacht ar láthair oiriúnach.²⁷²

Fad is a bhain sé leis an náiscoil bhí cúrsaí ag dul go maith. Tar éis cúpla bliain cinneadh ar bhunús a chur faoi Ghaelscoil. Chuaigh an coiste ag plé leis an gcomhairle contae ansin agus le hÍontaobhas na Gaelscolaíochta ag lorg áitribh agus maoinithe. *‘The general consensus was that it wouldn’t work’* arsa Mac Ruaidhrí faoin bplean chun píosa talún a fháil an tráth sin. Sa bhliain 2010 tháinig Gaelscoil na mBeann ar an bhfód; *‘we got an old elementary school at the Head Road, right at the foot of the mountains and it was an old school from the 1800s... we rented it, got it adapted, did the glass... the teacher, Emma Louise, got her started. Took an awful lot of work and hassle but we got there. We had to pay her and Ann-Marie Smith, she was the secretary...’* Bhí modh taistil de dhíth chomh maith agus tháinig siad le chéile le hIonad Pobail Áth na Long agus Iompar Pobail an Iúir agus Mhúrn chun maoiniú a fháil le haghaidh mionbhus. Roinneadh an bus idir na trí ghrúpa, ach bhí tosaíocht ag an nGaelscoil. Ach bhí deacracht ann i gcónaí na huimhreacha a fháil. Bhí thart ar seachtar ann ar feadh i bhfad. Thíos faoin tuath a bhí an scoil, rud a chuir leis an dúshlán sin:

One of the things, you’re that far out. We were at the foot of the mountain. Ye weren’t near any town. The náiscoil was down in the town and it was going well. But to get the parents to bring the children to where we were, even with the minibus, and if you’d frost or snow you’re definitely in trouble. We had to go up in the mornings and clear the roads

272 Agallamh.

*and salt round the school to get the kids in, before you'd go to work.*²⁷³

I dtéarmaí an airgid, ní raibh go leor tacaíochta ann. Bhí cuid éigin ó Iontaobhas na Gaelscolaíochta ach bhí orthu íoc as na múinteoirí iad féin—cuid acu a bhí ag taisteal anuas ó Bhéal Feirste. Is cuimhin le Mac Ruaidhrí go raibh siad ar an ngannchuid de shíor:

*I remember one wee thing sticks in my head. We won the Glór na nGael award one year... I think we went down to Clontarf Castle for the awards that night and our check was €1500 euro. And I remember sitting at the bar at the end of it, and Niall Comer he was involved, he was presenting the checks, and we were sitting up at the bar having a chat and I said "see that 1500 pound... that's paying our teachers' wages this month. We're beat without it. That's the sort of thing. You were living month to month. It was mental. Some pressure being on the committee... It was tough going. Home life was forgot about. All the effort was gone into the Gaelscoil."*²⁷⁴

B'fhadradharcach an t-iarratas a chuir dream gníomhaithe isteach ar ghníomhaí Gaeilge don cheantar, óir nuair a tháinig Caoimhe Ní Chathail, Feirsteach mná, aníos chun obair ar thionscadail éagsúla in 2008 ba mhór a cuireadh le cumas an ghrúpa a gcuid spriocanna a chur i gcrích. Amhail le Mac Ruaidhrí níor fhreastail Ní Chathail ar Ghaelscoil. Thosaigh sí ag foghlaim na Gaeilge ar mheánscoil Bhéarla i mBéal Feirste, ach spreagadh í i dtreo na Gaeilge i ndáiríre trí fhreastal ar chúrsaí Gaeltachta i Loch an Iúir, Contae Dhún na nGall. D'oibrigh sí go páirtaimseartha mar fhreastalaí sa Chultúrlann ina déagóir agus ansin thosaigh sí ag craoladh le Raidió Fáilte. 'De réir a chéile thuig mé go raibh mé ag iarraidh mo shaol a chaitheamh trí Ghaeilge,' a deir sí. Bhain sí céim agus iarchéim ó Ollscoil Chúil Raithin. Chaith sí seal ag obair sna meáin chumarsáide, ag tabhairt faoin taighde ar dtús agus ansin an léiriú. Theastaigh uathí 'post mar is ceart' a fháil agus d'imir an cúlra clainne aici tionchar ar a rogha post. Bhí baint ag a teaghlach le forbairt pobail in Iarthar Bhéal Feirste, Muileann Mhic Conmidhe, le ranganna pobail, agus ba chuimhin léi gur chomhoibrigh siad leis an Athair Des Wilson, a rinne an pobal 'a chumasú.' Bhí sé sin 'ar chúl mo chloiginn, go raibh mé ag iarraidh rud éigin a thabhairt ar ais.'²⁷⁵

Thosaigh Ní Chathail ag obair mar oifigeach Gaeilge in Áth na Long, naoi gciliméadar soir an bóthar ó Cill Chaoil. Ba phost

273 Agallamh le Mac Ruaidhrí.

274 Agallamh.

275 Agallamh le Ní Chathail.

é a bhí maoinithe ag an Scéim Pobail Gaeilge le Foras na Gaeilge. Thaistealaíodh sí ó dheas ó Bhéal Feirste gach lá go ceann scríbe. Is cuimhin léi nuair a fuair sí an jab go raibh siad ‘i lár ionad pobail a thógáil fosta.’ Dá bharr sin ‘bhí sé rud beag ar mire—bhí suíomh tógála mar oifig agam. Bhí dhá rud de dhíth. Bhí siadsan ag rá “tá muid ag iarraidh duine le bainistiú a dhéanamh ar an tionscnamh tógála seo, ach an chloch is mó ar ár bpaidrín ná, tá muid ag iarraidh Gaelscoil a thógáil.’ Mar go raibh na páistí sin ag teacht fríd an náiscoil, bhí siadsan ag rá “má chaileann muid na páistí seo, ní tharlóidh sé, táimid ag iarraidh é a dhéanamh.” Na Gaelscoileanna ba ghaire ná ar an Lúragus i gCaisleán Uidhílin agus ní raibh ceann ar bith sa cheantar fairsing seo thart ar Chill Chaoil. Bhí cúig pháiste dhéag de dhíth ón scoil chun a sprioc a bhaint amach, ach ní raibh ach deichniúr acu ann nuair a thosaigh Ní Chathail. Chuaigh siad i mbun ‘feachtas poiblíochta ag iarraidh daltaí a mhealladh isteach.’ Mar is cuimhin le Ní Chathail bhí míthuiscint ann sa cheantar faoi choincheap na Gaelscolaíochta:

Bhí neart i gceist ó thaobh bileoga a chuir le chéile maidir le buntáistí an dátheangachais, dul amach ó theach go teach bualadh le tuismitheoirí, labhairt leofa ar caidé a bhí i gceist leis an Ghaelscolaíocht, leis an tumoideachas, mar cuid mhór acu níor thuig siad tumoideachas ar chor ar bith. Shíl siad *just* go raibh na páistí seo a dul a bheith ag foghlaim Gaeilge, seachas a bheith ag foghlaim trí Ghaeilge... Ní raibh tuigbheáil acu mar nach raibh a leithéid de sholáthar ann insa cheantar.²⁷⁶

Obar dheacair a bhí sa mhéid sin de bharr easpa struchtúir don Ghaeilge sa cheantar. ‘Ní raibh eagraíocht Ghaeilge ar bith ann,’ arsa Ní Chathail, ‘muidinne Boirche Íochtair sin an t-aon rud agus *really* ní raibh á dhéanamh acu ach ranganna Gaeilge a chur ar fáil ar bhonn sórt neamhfhoirmeálta. Ní raibh tuigbheáil acu ar fhorbairt pobail, ní raibh tuigbheáil ar phleanáil teanga nó aon rud den chineál sin. Is dóigh liom nár chuala siad iomrá air go fiú... Ach i gceantar beag tuaithe, áit a bhfuil ceird ag an chuid is mó de na fir, nó is mná tí iad an chuid is mó de na mná, níl an oiread sin de thaithí acu, *so* caithfidh siad an sain-eolas sin a fháil ó áiteacha eile.’ Corruair thioctadh baill ó Chomhairle na Gaelscolaíochta amach, ar sí, ach bhí ‘teimpléad náisiúnta’ ann, ‘b’fhéidir nach raibh an oiread sin tuigbheála caidé an dóigh le tionchar

276 Agallamh.

a imirt ar phobal nach bhfuil taithí acu ar an teanga.²⁷⁷

Fiú agus na deacrachtaí teoiriciúla nó idé-eolaíochta seo le sárú, bhí dua áirithe ag baint le nithe ní ba phraiticiúla chomh maith. Mar a deir Mac Ruaidhrí, ghlac sé neart fuinnimh uaireanta muinín na dtuismitheoirí a choinneáil ar dtús. *‘We weren’t educationalists, we were just Irish language activists, just ordinary people.’* Ach ba chabhair taithí Mhic Ruaidhrí san earnáil tógála. Nuair a bhí siad ag cur foirgneamh réamhdhéanta eile leis an scoil ina dhiaidh sin ba éacht é an rud a thógáil ar an mbóthar chomh fada le Cill Chaoil. I nDún Droma, arsa Mac Ruaidhrí, *‘it wouldn’t fit, there’s an isle in the middle of the road and a pedestrian railing on the footpath and it wouldn’t fit through, so I had to get a saw out of the van and cut the railing off.’*²⁷⁸ Is cuimhin le Ní Chathail go raibh ‘saineolas ar leith’ ag an dream a chabhraigh go mór:

Leithéidí Éamon, *wow*, an t-eolas a bhí aige. Nuair a fuair siad seanbhotháin agus is cuimhin liom tháinig an leoraí seo agus dá bhfeicfeá an bothán, bhí poill sna ballaí agus deora anuas ann. Thosaigh mise ag caoineadh, bhí sé iontach greannmhar, bhí mise i mo shuí ansin ag rá “Éamon, ní féidir linn páistí a chuir sa bhothán sin, ní féidir sin a dhéanamh.” An rud a dúirt sé “fan go bhfeicfidh tusa, cuirfidh muidne bail air, beidh sé i gceart,” agus, ceart go leor, taobh istigh de sheachtain bhí urlár ann, fuinneogaí úra... na poill ní raibh siad le feiceáil, bhí péint ar na ballaí. Rinne siadsan obair dhochreidte, an comhlacht tógála s’aige. Arís is obair dheonach a bhí ansin. Bhí anaineolas aige nach mbeadh agamsa cuir i gcás.²⁷⁹

Thosaigh siad le Niall Loughran mar phríomhoide agus chuaigh na huimhreacha in airde de réir mar a rinneadh buanú ar an scoil. Don chéad bliain ní raibh maoiniú ar bith acu don rang a bhí ann agus b’éigean dóibh dul ag tiomsú airgid chun tuarastal an mhúinteora a íoc.²⁸⁰

Dúshlán eile agus iad ag lorg tacaíochta nó ag iarraidh dul i bhfeidhm ar mhuintir an cheantair ná cúrsaí tíreolaíochta. I dtéarmaí cabhair a fháil ó leithéidí Chomhairle na Gaelscolaíochta mothaíonn Mac Ruaidhrí go fóill gur fágadh Cill Chaoil amuigh ina aonair, iad scoite amach de bharr na tíreolaíochta. Dá mbeifeá i mBéal Feirste, i

277 Agallamh le Ní Chathail.

278 Agallamh.

279 Agallamh.

280 Agallamh le Mac Ruaidhrí.

nDoire nó ar an Iúr bheadh sé níos éasca ar sé. Mar sin féin, ní bheadh siad ann gan a gcabhair, a deir sé.²⁸¹ Agus í ag breathnú ar an gceantar ón taobh amuigh tugann Ní Chathail suntas do mheon pharóisteach áirithe. Sampla amháin de seo, ar sí, ná gur ghlaoigh muintir na háite ‘*oul Frankies*’ ar mhuintir Bhéal Feirste, rud a léirigh deighilt áirithe idir an chathair agus lucht na tuaithe; ‘de réir mar a thuigim bhí *Franking machine*. Nuair a bhí tú ag cur postas amach bhí ar an phostas dul go Béal Feirste agus ansin a bheith “*Franked*” i mBéal Feirste agus ansin go spréitear amach é ina dhiaidh sin in sa tseanam.’ Bhain an t-áitiúlachas seo leis na tuismitheoirí freisin, arsa Ní Chathail; ‘i gcloigeann agus in aigne na dtuismitheoirí “seo mo ríocht, seo mo shaol, seo an domhan agus mura bhfuil sé ar siúl anseo ní ann dó.”’ Ní ag breathnú síos ar mhuintir na tuaithe atá sí nó sí aithníonn gur tréith é seo a fhaightear i ngach cúinne den tír. Mar a luann sí, ‘deirtear anseo i mBéal Feirste “*to West Belfast people the world stops at the end of the Falls Road*.”’ I gcead do dhaoine, agus thuigfeá dóibh ar sí, ‘ba mhaith le daoine seirbhísí ina gceantracha féin, sin an rud. Níl siad ag iarraidh dul amach ag smao-inteamh caidé atá áiteanna eile a dhéanamh.’²⁸²

Díol suntais is ea an tíreolaíocht eitni-reiligiúnach sa cheantar chomh maith, óir bhí impleachtaí aige sin ar an bhfeachtas ar son na Gaelscoile. Bhí an feachtas do Ghaelscoil na mBeann faoi lánseol ag an am céanna is a dódh síos Bunscoil Bheanna Boirche i gCaisleán Uidhlin i samhradh na bliana 2009, tráth a raibh ionsaithe coirloiscthe seic-teacha in oirthear na Sé Chontae go háirithe.²⁸³ ‘Ní raibh na dinimicí insa cheantar sin cosúil le Béal Feirste ar dhóigh ar bith. Bhí sé iomlán difriúil ó aon Ghaelscoil eile a raibh baint agam leo nó aon eolas a bhí agam,’ arsa Ní Chathail. Mar a mhíníonn sí faoin ngné áirithe seo:

cionn is gur thuig muid gur ceantar meascha a bhí ann—agus roimhe sin go bunúsach is ceantracha náisiúnaithe den chuid is mó a bhí i gceist leis na scoileanna i mBéal Feirste—an phoiblíocht uilig a bhí á déanamh do na scoileanna sin ní raibh sin fóirsteaneach don scoil seo mar bhí muid ag iarraidh Protastúnaigh a fháil ar bord, thuig muid go mbeadh orainn Protastúnaigh a fháil ar bord mar ní bheadh na figiúirí ann. Thosaigh muid ansin—seachas a bheith ag caint ar an Ghaeloideachas agus Gaelscoil, cé gur Gaelscoil í—bhí muid ag labhairt cuid mhór fá *bilingualism, you know and*

281 Agallamh le Mac Ruaidhrí.

282 Agallamh le Ní Chathail.

283 *Irish Times*, an 29 Lúnasa 2006.

bilingual education, an bhéim a chur ar an dátheangachas, sórt cleas beag margáíochta a bhí i gceist... Mar má bhí barraíocht sórt ceangail leis an Ghaeilge agus an náisiúnachas agus sin uilig, chuir sin sórt oilc ar roinnt daoine agus ní amharcfadh siad air go fiú mar rogha.²⁸⁴

Chun cabhrú leis an bhfeachtas a chuir sa siúl in 2013 ghlac Ní Chathail ‘scaifte de chuid Misneach Bhéal Feirste ar mhionbhus... agus tháinig siad le bileoga le scaipeadh agus cnagadh ar na doirse.’²⁸⁵ Mar a thuairiscigh *An Tuairisceoir* dúirt Seán Ó hEacháin, urlabhraí ar son na heagraíochta, ‘d’imigh bus lán le Gaeil ón Chultúrlann sa Cheathrú Ghaeltachta agus chaith muid lá thar a bheith fiúntach i gceantar na mBeann ag seasamh leis an Ghaelscoil áitiúil... Bhí sé mar sprioc againn tacaíocht agus dlúthpháirtíocht a léiriú leis an phobal. Eagrófar lá gnímh gach mí ina dtacófar le Gaelscoil trí lá earcaíochta a dhéanamh.’²⁸⁶ Díol spéise eile ab ea an chaoi ina ndeachaigh siad ina bhun sin ar bhonn praiticiúil:

Bhí sé suimiúil fosta mar bhí léarscáil an cheantair ann *so* thuig muid na ceantair a bhí fabhrach don Ghaeilge, cuirimid mar sin é, agus na háiteacha eile a bhféadfadh sórt coimhlinte a bheith ann agus ceart go leor bhí cúpla uair... chuaigh mise sa seans mar an dearcadh a bhí agam ná mura gcuireann tú ceist ní fhaigheann tú freagra. Bhuaíl mise ar na doirse sin cé go raibh muintir ná háite ag rá “*no, no, no*, ná gabh síos an tsráid sin, ní bheidh suim dá laghad acu,” agus bhí mise ag rá “bhuel ní bheidh a fhios agat go dtí go gcuireann tú ceist.” Bhí sé ní b’fhusa domhsa sin a dhéanamh mar dhuine ón taobh amuigh, duine seachtrach, ní raibh stair ann, ní raibh a fhios acu cé is mé. Bhí cúpla comhrá iontach suimiúil agam le daoine agus “*nah, no chance*”... seanbhean a bhuaíl mé thart ar an chloigeann le *slipper* uair amháin... lean sí... bhfuil a fhios agat seo bhí sí níos gaiste ná mise ag teacht fríd an chosán do mo bhualadh ag an am céanna, *but* bhí craic ann, spraoi.²⁸⁷

Ach níl aon fhianaise den seicteachas i measc lucht na Gaelscolaíochta. Ní raibh sin i gceist le Gaelscoil na mBeann arsa Ní Chathail. Rinneadh caint ar an reiligiún agus aontaíodh gur scoil neamhshainchreidmheach a bheadh ann. Measann sí gurb é an chomhréir ná 80% Caitliceach go 20% Protastúnach sa Ghaelscoil. Ina theannta sin bhí fáilte roimh theaghlaigh eachtrannacha agus teaghlaigh de chúlraí éagsúla, mar a mhíníonn Ní Chathail:

284 Agallamh.

285 Agallamh.

286 *An Tuairisceoir*, an 25 Meán Fómhair 2013.

287 Agallamh le Ní Chathail.

Tá muidne iontach bródúil go raibh clann as an Liotuáin ann, go raibh clann as an Pholainn ann. Nuair a bhí muid ag dul a chur amach an *prospectus*... fuair muid aistriúcháin go Polainnis. Nuair a bhí muid ag scaipeadh thart ar na doirse d'aistrigh muid é chuig mionteangacha. Tá cuid mhór mionteangacha sa cheantar sin. Bhí a fhios againn go raibh muintir Oirthear na hEorpa ag lonnú sa cheantar agus go raibh siad ag obair sa mhonarchan. Bhí muidne ag rá “cén fáth nach mbeadh an tríú teanga acu agus an ceathrú teanga?”... agus sin mar a tharla sé agus tá muidne bródúil go bhfuil na pobail úra ag cur le pobal s’againne.²⁸⁸

Ní shamhlófaí, b’fhéidir, go dtiocfadh an freasúra ba mhó ní ón bpobal aontachtach ach ón bpobal náisiúnach. Bhain an freasúra seo le cúinsí éagsúla, ceann amháin acu ná láidreacht Chumann Lúthchleas Gaeil agus na hEaglaise Caitlicí. ‘Insa cheantar sin tá tú sórt scoite,’ arsa Ní Chathail, ‘mar go bhfuil na sléibhte móra ann a luaithe a lúbann tú thart an coirnéal agus tú idir sliabh agus muir ar bhealach is sórt ríocht ann féin atá ann.’ An áit a bhfuiltear ag trácht air ná ceantar Leath Chathail, ‘Cill Chaoil, thart ar Bhaile Mhic Giolla Mhártain, Áth na Long agus suas *just* ar imeall an Chaisleáin Nua.’ Is ceantar mór go leor atá i gceist, arsa Ní Chathail, ceantar ina bhfuil, mar sin féin, ‘cúig chlubtheach CLG in san áit do cheantar atá réasúnta beag.’ Bhí sin ina dhúshlán, mar ‘bhí tú ag plé leis an tsórt paróisteachais sin is dócha.’²⁸⁹ Bhí na scoileanna ‘sórt ceangailte... le club CLG.’ Shíl Ní Chathail gur bhuntáiste a bheadh ina leithéid, mar a bhí i mBéal Feirste. ‘Bhí mise sórt den bharúil “*this is a shoo in*,” gheobhaimid neart daoine anseo... bhí dul amú orm mar bhí siadsan ag rá “*no, no*, ba mhaith liomsa go n-imreodh sé peil do Bhaile Mhic Giolla Mhártain *so* ní thig leis dul ag scoil i gCill Chaoil mar ansin beidh sé ag imirt peile i nDún Ríocht.’²⁹⁰

Tháinig cúrsaí inscne isteach sa scéal chomh maith. Ceantar ‘iontach traidisiúnta’ atá ann dar le Ní Chathail. Bhí sé de nós aici labhairt ar bhuntáistí na Gaelscolaíochta le mná an cheantair, go mbeadh scileanna inaistrithe agus féinmhuinín ag na páistí, go mbeadh neamhfhoirmeáltacht idir na tuismitheoirí agus na páistí. ‘Ceann de na sórt mianta a bhí againn fosta ná oiliúint a chur ar an phobal,’ ar sí. D’ofráil siad an cháilíocht mar chúntóir náiscoile agus an t-ionad pobail do na mná chun gnólachtaí a chur ar bun ach go mbeadh comharthaíocht

288 Agallamh.

289 Agallamh le Ní Chathail.

290 Agallamh le Ní Chathail.

Ghaeilge ann. Ach ‘bhí cuid mhaith de na fir ag obair thar sáile, bhí siad ag obair i Sasana, ar feadh b’fhéidir coicise agus ansin théadh siad chun an bhaile... cuid mhór acu bhí céird acu, bhí siad ag obair ar na suíomhanna tógála nó rud éigin.’ Agus, mar a mhaíonn sí, ‘bhí sé sórt ciotach mar ansin rachainn isteach agus labhróinn leis an mháthair—sa teach s’againne, is iad na mná atá i gceannas, sin mar a bhí riamh—mhothaigh mise go raibh sé iontach aisteach nuair a bhí mé sa cheantar sin, d’fhéadfainn labhairt le bean an tí ar feadh cúpla lá agus í a fháil ar bord agus bheadh sí go mór mór i bhfách, “tuigim na buntáistí anois, tuigim atá i gceist agat”... Ach ansin b’fhéidir go dtiocfadh na fir chéile chun an bhaile agus déarfadh siad “*ah no, he’s going to Ballymartin cos he’s playing football for Ballymartin.*” Tharla sé sin i sé chás éagsúil go ndúirt an t-athair sa bhaile é sin. ‘Bhí cuid mhór tionchair, agus déarfainn níos mó tionchair, ag na fir insa cheantar sin mar gheall ar chúrsaí peile,’ a áitíonn Ní Chathail.²⁹¹

Ba bhacainn mhór an Eaglais chomh maith, mar a mhíníonn Mac Ruaidhrí, agus cúrsaí uimhreacha agus iomaíochta leis na scoileanna eile sa cheantar á gcioradh aige:

Another underlying current in the whole thing. In the parish... there was three English primary schools and everybody was jockeying for numbers. They all needed preferably fifteen a year, but their numbers were going down and then we were starting a Gaelscoil, so they seen us as a threat. The Catholic Church seen us as a threat to their schools. First thing that happened, Lower Mourne Parish, anything Irish was put at the bottom. Anything at all, it didn’t matter, they just stopped it—no advertising, no contact with the parish, whereas before that, anything that was going on you could put any Gaelic League stuff... that all stopped.²⁹²

Is cuimhin le Ní Chathail go ndearnadh barúil sheicteach i leith na nGaelscoileanna; ‘dár leofa nach bhfaighimid páistí ó na scoileanna rialaithe, áit a bhfuil an chuid is mó Protastúnach iontu.’ Chruthaigh seo ‘iomaíocht ghéar,’ agus ‘bhí siad sórt binbeach fá dtaobh dó—thug siad amach ón altóir ag rá go gcaithfidh daoine a bheith dílis do na scoileanna, áit ar tógadh iad, áit a raibh a gcuid muintire agus sinsear. Go bunúsach thar oíche thit líon na bpáistí a bhí cláraithe againn síos ó thrí déag go seisear.²⁹³ Cailliúint os cionn 50% a bhí i gceist ansin.

291 Agallamh.

292 Agallamh.

293 Agallamh le Ní Chathail.

Sa mhullach air sin bhí uisce faoi thalamh sa phobal chomh maith. Deir Mac Ruaidhrí go raibh feachtas sa chúlra i measc an phobail Béarlóirí chun páistí a choinneáil amach ón nGaelscoil, agus in amanna thug an pobal cúl droma dó go pointe; *‘even when I went to GAA matches handing out leaflets—I wouldn’t say you were getting abuse—but you were getting stick from people you knew “oh youse are gonna wreck our schools”... that was simmering away in the background.’*²⁹⁴ Tarraingíodh ceist pholaitiúil na bpáirtithe éagsúla sa phobal náisiúnach isteach sa scéal chomh maith. ‘Bhí roinnt daoine insa cheantar ag déanamh amach go raibh an scoil bainteach le Sinn Féin. Na daoine sin thug siadsan tacaíocht don SDLP? An é gur ceantar láidir SDLP a bhí ann? Ní hea go díreach arsa Ní Chathail; ‘tá an dá [pháirtí] ann, ach is teaghlaigh ar leith atá diongbháilte don SDLP nó diongbháilte do Shinn Féin agus bhí coimhlint ansin fosta mar bhí siadsan ag rá *“oh is that the wee Shinner school you’re talking about?”* agus bhí mise ag rá *“but ní ball de Shinn Féin mé”* agus ní thuigim an dearcadh sin, *but* sin an dearcadh a bhí acu.’²⁹⁵

Maidir leis na páirtithe polaitiúla agus a dtionchar ar an nGaelscolaíocht sa cheantar, thart ar 2012 nuair a bhí Gaelscoil na mBeann ag lorg aitheantais chuaigh an Coiste ar cuairt chuig na hairí oideachais Shinn Féin i Stormont, Caitríona Ruane agus John O’Dowd. Níl aon dabht, a deir Mac Ruaidhrí, ach gur chuidigh sé go raibh an aireacht oideachais ag Sinn Féin; *‘they were more sympathetic to us.’* Dúradh leo go mbeadh an tacaíocht acu dá sroicheadh siad na huimhreacha cuí, cúig dhuine dhéag. Ach bhí an pointe á shroichint acu *‘where we couldn’t sustain this voluntary funding.’* Bhí an coiste in isle brí i ndiaidh an chruinnithe de bharr go raibh siad gann ar uimhreacha, ach is fiú scéal Mhic Ruaidhrí ar an mbealach ar thug siad na huimhreacha leo ar éigean a roinnt:

We sort of said that the department have told us if we don’t reach fifteen the school’s not opening on Monday morning... And we’d brought these parents and children on. It was desperate. We’d nearly given up on the Saturday night but we thought something might break yet. Myself, the wife, my brother and his wife, said we’d go down to the Burn-dale—a hotel in Newcastle—just for drink for a Saturday evening. And in through the door and Marcus Mac Ruairi from Downpatrick grabbed the door and he says “Éamon, you still looking a child for the Gaelscoil?” and I says “we definitely are,” and he says “I might have an answer for you here... a girl getting married out the back in the function

294 Agallamh.

295 Agallamh le Ní Chathail.

room and she's a child starting on Monday morning in Downpatrick Gaelscoil... she'd be very much supportive of the Gaelscoil movement. If she hears your story, she might send him to Kilkeel. I'm not saying she will, but she might." So I went to reception and got a room so I could get talking to her. And we got a break at the wedding and Marcus said to her "there's this guy outside wants a yarn with you." So I brought her into the room and told her our plight—she's sitting in her wedding dress like—she says right "I think I'd be up for that. A few things here, youse need to get the child from Downpatrick to Kilkeel, there and back every day. And if there's any possibility of me getting a job with youse, I'll go with youse, but I've got no transport—Samantha Perry they called her... So I phone Ian McGrady and Eddie and I says "look, we might have something going here, but if there's any way we can give her a classroom assistant or something like that in the naiscoil or the Gaelscoil... So they agreed to that, so I went back to her and says "you'll have a post and we'll lift youse"... That's what kept the doors open. That's what got the Education Board on board as well and we got the recognition after that."²⁹⁶

Amhail Carn Tóchair, bhí cuimhne ar chainteoirí Gaeilge a mhair sa cheantar sna 1950í. B'in rud a spreag Mac Ruaidhrí agus a chomrádaithe ar an gcoiste scoile. An fhís a bhí aige, mar a mhíníonn sé '*was that we could get it back, not a Gaeltacht, but at least get the language back and talking fluent in the area—this is our endgame, that the children go through the school and then the méanscoil opened in Castlevellan.*' Deir sé go bhfuil 90% ag dul ar aghaidh go dtí an mheánscoil anois agus go leor acu siúd ar aghaidh chun na hollscoile. '*You're gonna get them coming back into the area now,*' ar sé '*there's jobs in the Gaelic League, development officers, and teachers, and the naiscoil is well-established now. This is what our vision is, that you want to get fluent speakers in the area. We're a long way off a Gaeltacht, but who knows beyond our years what'll happen like?*'²⁹⁷ Agus a caipín oifigeach forbartha agus pleanálaí teanga uirthi ón taobh amuigh míníonn Ní Chathail an mhian a bheadh aici siúd do Ghaelscoil na mBeann, Boirche Íochtar agus an ceantar máguaird:

ach mar dhuine ag breathnú go fuarchúiseach ón taobh amuigh bheinn ag rá, leis an rud a dhéanamh i gceart, bheadh ar dhuine dul isteach chuig an cheantar, ceantar a thuigbheáil, plean sórt gnímh a bhunú saindeartha don cheantar sin, agus ansin comhordú a dhéanamh air sin. Mura raibh oifigeach forbartha i mBoirche Íochtar, cé a dhéanfadh sin?... Caithfidh tuigbheáil a bheith ag an Fhoras ar caidé an sórt tacaíochta atá de dhíth ar na grúpaí. Má tá SPG ann agus tá siadsan ag sílsteán "oh tá an t-oifigeach seo *just* ag plé le himeachtaí a reáchtáil," ach ní mar sin a oibríonn sé. Is tógáil pobail atá i gceist anseo agus is pleanáil teanga agus is obair forbartha pobail atá i gceist.

296 Agallamh.

297 Agallamh le Mac Ruaidhrí.

Tá tú ag caint ar oifigeach forbartha Gaeilge, ach ní thig leat teanga a bheith agat gan phobal *so* is oifigigh forbartha pobail atá i gceist leis na daoine seo. Ní dóigh liom go bhfuil an tuigbheáil sin ag leibhéal an mhaoinithe, ní dóigh liom go dtuigeann Foras na Gaeilge caidé go fiú cad iad na dúshláin atá ag na daoine seo ar an talamh.²⁹⁸

Arbh fhiú an braon allais agus an crá croí? Maíonn Mac Ruaidhrí gurbh fhiú, gan aon agó; *‘some nights you’d be lying worrying “are we never gonna get recognition?” and we had all these families all on board. And you’re responsible for them kids, if the thing had of fell apart you couldn’t have put your head in the door. But it was a success... I can see myself fading into the background... it’s taken it’s own life, it’s established.’* Tar éis ceithre bhliana, in 2014, chinn siad ar bhogadh síos i dtreo an bhaile agus fuarthas píosa talaimh in aice na naiscoile, áit a bhfuil Gaelscoil na mBeann go fóill.²⁹⁹

298 Agallamh.

299 Agallamh.

CONCLÚID NA RANNÓIGE

BA É AN TRÉIMHSE seo an tréimhse ba mhó claochlaithe ar ghluaiseacht na Gaelscolaíochta ó tháinig sí ar an bhfód sna 1970í. D’fhorbair an ghluaiseacht ó thaobh na gairmiúlachta de go mór mór sna blianta seo sna Sé Chontae Fichead. D’fhostaigh Gaelscoileanna tuilleadh ball foirne sna 1990í agus arís nuair a thug Foras na Gaeilge ardú deontais in 2001, thosaigh Gaelscoileanna ag plé le páirtithe eile oideachais in Éirinn agus thar sáile ar bhonn ní ba struchtúrtha, agus cuireadh bonn dlíthiúil faoin eagraíocht nuair a rinneadh corprú air in 1999. Mar sin féin, ceal maoinithe bhí deacrachtaí ann go leor beartas a chur i gcrích, go háirithe nuair a rinneadh iarracht scéim a thosú chun an Ghaeilge a thabhairt ‘thar gheataí na scoile.’ Níor éirigh leis an scéim ceal acmhainní agus foirne, cé go raibh stráitéis ann chun é a chur i bhfeidhm. Ba chomhartha é teip na scéime ar a dheacra is a bhí sé Gaelscoil a úsáid mar lóchrann athréimnithe teanga sa phobal gan na hacmhainní agus gan gluaiseacht leathan dheonach taobh leis.

Sna Sé Chontae bhí borradh leanúnach ag tarlú le os cionn scór bliain roimh thús na tréimhse seo agus leanadh leis sin nó gur tháinig tuilleadh luais faoi nuair a d’athraigh an comhthéacs polaitiúil i ndiaidh 1998, agus nuair a ghlac Sinn Féin an aireacht oideachais in 2000 agus bunaíodh Comhairle na Gaelscolaíochta in 2002. Bhí deacrachtaí agus aighnis áirithe i gcodanna de na Sé Chontae i leith Gaelscoileanna a bhunú de bharr cúrsaí polaitíochta i gcónaí, agus cúrsaí sóisialta eile lena ais sin, ach tríd is tríd bhí an t-atmaisféar níos fabhraí don Ghaelscolaíocht ann in 2008 ná mar a bhí in 1994. Léiríonn scéal Ghaelscoil na mBeann go raibh cuid áirithe de na dúshláin ag teacht ní hamháin ón stát nó ó aontachtóirí áitiúla, ach ó laistigh den phobal náisiúnach, go háirithe i gceantair thuaithe, áit a raibh an t-áitiúlachas agus dílseachtaí seanbhunaithe—do CLG, don scoil áitiúil, don Eaglais—níos tábhachtaí do roinnt daoine ná dílseacht don Ghaeilge.

Sna Sé Chontae Fichead, ní fheadfá a rá go raibh páirtí amháin nó eile ann a chaith níos fearr leis an nGaelscolaíocht le linn na tréimhse seo. I lár na 1990í bhí gluaiseacht na Gaelscolaíochta in adharca le hAire Oideachais de chuid Pháirtí an Lucht Oibre, Niamh Bhreathnach. Faoi 2010 bhí Aire Oideachais de chuid Fhianna Fáil ann, Mary Hanafin, a bhí ag ionsaí bhunús an tumoideachais. Rinneadh iarracht

sna 1990í an Ghaelscoil in Eochail a chónasacadh isteach i scoil Bhéarla chomh maith agus, ag leibhéal na hiar-bhunscoile, chuaigh an roinn i muinín na n-aonad, seachas a bheith sásta Gaelcholáistí neamhspleácha a bhunú, ábhar atá ina chnámh spairne go fóill ós cionn scór bliain níos déanaí. Ach d'éirigh Gaelscoileanna féin níos éifeachtaí agus an eagraíocht i mbun stocaireachta leis an Roinn Oideachais agus an Aire Oideachais sna blianta 1994–2008, agus bhí seasamh oifigiúil mar chomhpháirtithe oideachais ag an eagraíocht le linn na tréimhse seo, rud a chabhraigh leis an stocaireacht sin. Ba léir gur baineadh aitheantas amach don Fhoras Pátrúnachta agus gur bunaíodh COGG—dhá bhua fhíorthábhachtacha—amach dá bharr seo. Agus, fiú murab é sprioc an Fhorais ar dtús ach tacú leis an nGaelscolaíocht, bhí impleachtaí ann don oideachas trí chéile sa stát mar gur tugadh tuilleadh dúshláin d'ollsmacht na hEaglaise Caitlicí—smacht a raibh Ag Foghlaim le Chéile tar éis dúshlán a thabhairt dó cheana. Mar sin féin, ba léir go raibh an Roinn Oideachais, nó is ceart a rá codanna den roinn, fós in éadan na Gaelscolaíochta ar chúiseanna áirithe. Tá sé deacair a rá an 'frith-Ghaelachas' a bhí mar bhonn don fhreasúra, mar a bhí go cinnte sna Sé Chontae, ach ón méid a luadh ba cheisteanna maoinithe, smachta agus lárnaithe a bhí ag déanamh buartha d'oifigigh na roinne a bhreathnaigh ar earnáil na Gaelscolaíochta a bhí ag fás mar 'ainmhi allta,' mar a luaigh Ó hAiniféin.

De réir mar a d'athraigh an tsochaí le linn na 1990í agus tar éis 2000 d'athraigh idé-eolaíocht agus comhdhéanamh na gluaiseachta chomh maith. Áit a raibh gníomhairí teanga nár mhúinteoirí iad agus a labhair go hoscailte faoi spriocanna an Phiarsaigh sna 1970í, faoi na 1990í bhí múinteoirí i réim agus spriocanna acu a bhain le cur chun cinn na Gaeilge trí chéile agus le forbairt an tumoideachais mar earnáil ann féin. Ag an am céanna sa tsochaí i gcoitinne bhí cumhacht an tsiombalachais náisiúnaigh ag dul i léig agus tuairimí a bhain leis an iolrachas agus rogha oideachais ag teacht chun cinn. Cé gur tharraing gluaiseacht na Gaelscolaíochta—idir ghníomhairí agus mhúinteoirí—ar thobar na staire agus ar théamaí díchoilínithe i gcónaí mar ábhar spreagtha, cuireadh an teachtaireacht phoiblí in oiriúint don ré nua. In áit a bheith ag éileamh fhás na Gaelscolaíochta ar son an náisiúin, ba ar mhaithe le mianta oideachasúla tuismitheoirí agus daltaí aonarach a éilíodh é. Feictear sa mhéid seo an córas reatha nualibriálach ag dul i

bhfeidhm ar smaointeoireacht na gluaiseachta. Faoin gcóras sin is ceist tomhaltóra fiú ceist na rogha oideachais don tuismitheoir, seachas ceist a bhaineann leis an bpobal nó a ndéantar le meon na gcomharsanachta. I bhfocail eile, rinneadh athfhrámáil ar cheist na teanga mar cheist teanga mionlaigh sna Sé Chontae Fichead go háirithe, seachas í a bheith ina ceist athbheochana náisiúnaí. Mar sin féin, ní féidir a shéanadh gur oibrigh an cur chuige sin—ba léir gur oibrigh an pragmatachas seo do dhul chun cinn na Gaelscolaíochta.

Ba thréimhse í seo inar fhás líon na nGaelscoileanna—thuaidh agus theas—go sciobtha. Ach i bhfianaise an chomhthéacs, cé go raibh bonn ní ba ghairmiúla ag teacht ar an ngluaiseacht i go leor bealaí—corprú na heagraíochta, bunús ní ba láidre taighde, comhdhálacha ní ba phroifisiúnta, forbairt ar naisc idirnáisiúnta, tuilleadh fostaithe lánaimseartha agus bunú COGG agus an Foras Pátrúnachta—an íoróin ná go raibh an deonachas agus an tsaoirse dul in adharca leis an stát a spreag na gníomhaithe an chéad lá ag tosú ag dul i léig sna Sé Chontae Fichead. Níorbh é sin locht na gluaiseachta, óir bhí na struchtúir agus fostaithe sin de dhíth chun an eárnáil a bhuanú agus a fhás. Ach bheadh impleachtaí ag an easpa saoirse as sin amach agus nuair a d'athródh an roinn na rialacha arís chun tuilleadh sriain a chuir ar an ainmhí, ní thiocfadh freagra láidir agóidíochta ón ngluaiseacht chun dul i ngleic leis an bhfadhb.

Advanced Review Copy





RANNÓG 5

GLUAISEACHT NA GAELSCOLAÍOCHTA FAOI SCÁTH AN NUALIOBRÁLACHAIS AGUS AN CHOILÍNEACHAIS, 2008–2023

GAELSCOILEANNA, GAELCHOLÁISTÍ, AGUS AONAD A BUNAÍODH I RITH NA TRÉIMHSE

SEO:

GAELSCOIL AN TSEANCHÁI	2009
GAELSCOIL NA MBEANN	2010
GAELSCOIL LÉIM AN MHADAIDH	2010
SCOIL IÓSAEF (AONAD) (SRUTH)	2010
ARDSCOIL NAOMH MAOLMHAODHÓG (AONAD) (SRUTH)	2011
COLÁISTE POBAIL BHEANNTRAÍ (AONAD)	2011
GAELSCOIL AODHA RUA	2011
GAELSCOIL NA MÍ	2011
GAELSCOIL NA gCRANN	2012
GAELSCOIL AN CHUILINN	2012
GAELSCOIL EOGHAIN	2012
GAELSCOIL NEACHTAIN	2012
GAELSCOIL SHLIABH RUA	2013
GAELSCOIL MHC AODHA	2013
GAELSCOIL NA GIÚISE	2013

COLÁISTE GHLÓR NA MARA	2014
COLAISTE PHOBAIL MHAIGH NUAD (AONAD)	2014
GAELOHOLÁISTE AN PHIAISAIGH	2014
GAELOHOLÁISTE DÁIBHÍS (AONAD)	2014
GAELSCOIL NA LAOCHRA	2015
GAELOHOLÁISTE CHARRAIG UÍ LEIGHIN	2015
GAELOHOLÁISTE DHOIRE	2015
GAELSCOIL NA FUINSEOIGE	2016
AONAD LOCH GILE (AONAD)	2017
BUNSCOIL SANCTA MARIA	2017
COLÁISTE DHÚN MÁSC (AONAD)	2017
GAELSCOIL AN CHAISLEÁIN	2017
GAELSCOIL NAOMH SEAMUS	2018
COLAISTE NA CARRAIGE (AONAD)	2018
COLÁISTE NA TULCHANN (AONAD)	2018
GAELOHOLÁISTE MHIIC SHUIBHNE (AONAD)	2019
GAELOHOLÁISTE AN GHOIRT ÁLAINN (AONAD)	2020
GAELOHOLÁISTE MHAIGH NUAD	2020
GAELSCOIL LIR	2021
GAELSCOIL EOIN	2021
GAELSCOIL GHAINNE MHAOL	2021
COLAISTE AN AONAIGH (AONAD)	2022
COLÁISTE BHAILE CHLÁIR (AONAD)	2022
COLÁISTE BHRÉANDÁIN NAOFA (AONAD)	2022
COLÁISTE CHOLMCILLE (AONAD)	2022
COLÁISTE MUIRE TIOBRAID ÁRANN (AONAD)	2022
COLAISTE POBAIL ACLÁ (AONAD)	2022
OUR LADY'S SECONDARY SCHOOL (AONAD)	2022
POBALScoil GHUAIRE (AONAD)	2022
POBALScoil NA ROSANN (AONAD)	2022

THAR THRÉIMHSE AR BITH EILE a bhí faoi chaibidil go dtí seo ba mhó an damáiste a rinne fealsúnacht an nualibrálachais don Ghaelscoiláíocht agus don Ghaeilge i gcoitinne sa tréimhse seo, 2008-2023. Mar

a léiríonn Fíor 8 (lch 337), tháinig tuilleadh maolaithe ar fhás earnáil na Gaelscolaíochta sna blianta seo. Agus iad ag breathnú siar ar aistear an stáit ó dheas ar feadh céad bliain áitíonn Rollston agus McVeigh cé nach ‘*failed state*’ atá sa stát i dtéarmaí an gheilleagair agus na polaitíocht de, ‘*it unambiguously failed to meet the expectations of the Republic*’ agus Clár Daonlathach 1919. Mar sin féin, i dtuairim na n-údar, ‘*if nothing else, Southern Ireland had negotiated a space in which Irishness could be viewed through something other than a colonial stereotype.*’¹ Ní easaontóinn leis an áitiú úd agus tá spás áirithe ag an nGaelscolaíocht sa tsochaí nach raibh aige leathchéad bliain roimhe sin. Ach is deacair a mhaíomh agus muid ag cíoradh na tréimhse deireanaí seo go bhfuil spás feiliúnach ann nó gur leor 8% de dhaltáí bunscoile agus 4% de dhaltáí iar-bhunscoile an stáit a bheith ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge. Déantar cuid de na cúiseanna a bhaineann leis an easpa spáis don Ghaeilge sa chóras oideachais, agus sa tsochaí trí chéile, sna Sé Chontae Fíchead a phlé sa chaibidil thíos.

Thit an tóin as geilleagar stát na Sé Chontae Fíchead i ndiaidh 2008. Chuaigh geilleagar cuid mhaith stát san Iarthar, agus an córas airgeadais domhanda leo, go tóin poill thart faoin ama céanna. Croílár na faidhbe, mar a áitíonn Kieran Allen, ná na bainc i Stáit Aontaithe Mheiriceá a dhíol morgáistí agus sochair do theaghlaigh bhochta nach raibh in acmhainn iad a íoc. Díoladh na ‘drochfhiacha’ sin le hinstitiúidí airgeadais domhanda agus nuair a thit na morgáistí as a chéile bhí tionchar aige sin ar an gcóras airgeadais trí chéile.² An mórtheannas a chruthaigh sé seo sna Sé Chontae Fíchead mar a bhaineann sé leis an nGaeilge, dár le Brian Ó Conchubhair, ná ceist inmharthanacht na Gaeilge sa Ghaeltacht. Is ag snámh in aghaidh easa atá cuid mhaith de phobal na Gaeltachta arsa Ó Conchubhair. ‘*In the clash between the namelessness and placelessness of modern capitalism,*’ ar sé ‘*and the traditional way of life where toponomastics and onomastics are intaglio of its cultural knowledge and sophistication, the struggle was decidedly one-sided.*’³

Mar a deir Ben Ó Ceallaigh, an uirlis a d’úsáid an stát chun an cath seo a throid in aghaidh na Gaeilge ná fealsúnacht an nualíobrálachas.

1 McVeigh agus Rolston, *Anois ar Theacht an tSamhraidh*, 201.

2 Kieran Allen, *Ireland’s economic crash: a radical agenda for change*, (Liffey Press, 2009), 61.

3 Ó Conchubhair, ‘The Gaelic League and Irish Ireland,’ 78.

D'fhoilsigh an Bord Snip Nua, faoi stiúir Colm McCarthy, an *Report of the Special Group on Public Service Numbers and Expenditure Programmes* thart faoin am céanna ar eisigh an Troika (IMF, ECB agus an AE) an *Memorandum of Understanding* in 2010. Moladh '*drastic recommendations for cost savings relating to the Gaeltacht and a huge number of other areas financed by the public purse.*'⁴ Foilsíodh an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 an bhliain chéanna agus Fianna Fáil agus an Comhaontas Glas i gcomhrialtas le chéile. Bhí sé mar aidhm ag an straitéis, a dúradh, go n-ardófaí 'líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais... ó 83,000 go 250,000.'⁵ Ach baineadh maítheas de na moltaí sa straitéis de bharr dioscúrsa na gciorruithe a bhí anois i réim. Níor tugadh aird cheart ar na moltaí a rinneadh sa *Staidéar Cui-msitheach Teangeolaíoch* a foilsíodh in 2007, cé go ndúirt an rialtas gur aontaigh siad le tuairimí an staidéir ar an mórgóir.⁶ Deir Ó Ceallaigh gur beag seans a bhí ann go gcuirfeadh an stát moltaí an *Staidéar Cui-msitheach Teangeolaíoch* i bhfeidhm, '*even if the economic climate had not been so trying at the time of its introduction. Nonetheless, politicians at the highest level stated both at its launch in 2010 and over the following years that the crisis significantly impinged on the state's ability to implement the Strategy... While plausible, this may also be more a convenient excuse for a policy trajectory which the state would have pursued regardless.*'⁷ I ndiaidh blianta fada d'Fhianna Fáil a bheith i gcumhacht, chuaigh Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre isteach i gcomhrialtas in 2011. Go luath ina dhiaidh sin chinn Enda Kenny agus é ina Thaoiseach íslíú céime a thabhairt don aire a raibh cúram na Gaeltachta air, ó aire sinsearach go haire sóisearach stáit.⁸

Tháinig an tSamhail Nua Mhaoinithe sna sála ar na tuairiscí déine—pléifear an polasaí ar bhealach níos beaichte thíos ach go bunúsach b'iarracht é chun na heagraíochtaí Gaeilge a chiorrú agus airgead a shábháil. In 2012 mhaígh Ciarán Ó Loinsigh, Páirtí an Lucht Oibre, agus é ag scríobh thar ceann an Comhchoiste um Chomhshaol, Iompar, Cultúr agus Gaeltacht i Meitheamh na bliana 2012 go raibh 'an

4 Ben Ó Ceallaigh, '*Neoliberalism and language shift: The Great Recession and the sociolinguistic vitality of Ireland's Gaeltacht, 2008-18*' Tráchtas dochtúireachta, 82.

5 Straitéis 20 Bliain, 9.

6 Ó Ceallaigh, '*Neoliberalism and language shift*,' 87.

7 *Ibid.*, 87-88.

8 Ó Conchubhair, 'The Gaelic League and Irish Ireland,' 78.

cúlú eacnamaíochta tar éis brú a chur ar acmhainní an Rialtais’ ach go raibh ‘gach roinn ag iarraidh cuíchóiriú agus éifeachtúlachtaí a chur i bhfeidhm gan dochar a dhéanamh do sheirbhísí riachtanacha poiblí.’ Thug sé ‘moladh... d’Earnáil na Gaeilge’ as ‘glacadh go bisiúil leis na dúshlán sin.’⁹ Measann Ó Ceallaigh, agus é ag tarraingt ar shaothar Chonchúir Uí Ghiollagáin agus Naomi Klein, gur bhain an rialtas leas as an ngéarchéim mar leithscéal ‘*to implement radical neoliberal policy reforms*.’¹⁰

Tá an déine i bhfeidhm i gcónaí, óir níor tugadh an maoiniú ar ais a tógadh ó na heagraíochtaí Gaeilge go dtí seo. Mar sin féin, thosaigh feabhas ag teacht ar an ngeilleagar arís thart ar 2014 agus na comhlachtaí móra ilnáisiúnta taobh thiar de chuid mhaith den fhás.¹¹ I dtéarmaí an athraithe shóisialta, leagann Rollston agus McVeigh béim ar an ‘*tide of liberalism*’ atá tar éis teacht i dtír sna Sé Chontae Fíchead le blianta beaga anuas. Léiríonn an glacadh a bhí leis an reifreann ar chearta pósta comhionann in 2015, toghchán Leo Varadkar (fear aerach de shliocht na hIndia) mar Thaoiseach in 2018 agus an reifreann ar aisghairm ar an ochtú leasú an bhliain chéanna na hathruithe atá tarlaithé.¹²

Ar an taobh eile den scéal tá géarchéim tithíochta ann ar fud an stáit. Maíonn John Walsh gurb í an ghéarchéim tithíochta ‘*one of Ireland’s most severe challenges, and successive governments have so far failed to tackle it successfully*.’ Sa Ghaeltacht, níl an chumhacht ag na comhairlí áitiúla beartais a dhéanamh a chuirfeadh an margadh príobháideach ‘as riocht.’ Dá bhrí sin, ‘*unless the state undertakes to provide more stock directly—seeing housing as a social good rather than a private gain—spiralling prices will continue to push supply beyond the reach of most people in the Gaeltacht*.’¹³ Mar fhreagra ar an déine agus ar ghéarchéim na tithíochta d’éirigh gluaiseachtaí éagsúla ón mbun aníos. Deir Lima go raibh tuilleadh gníomh comhchoiteann le feiceáil sa ghluaiseacht i gcoinne na dtáillí uisce ‘*where people in Ireland broke the cycle of blind obedience to state austerity policies by refusing to pay a newly created water tax*.’ Tá an meon céanna le sonrú, ar sí, ‘*in the recent*

9 Tuarascáil ar Shamhail Nua Mhaoinithe, Meitheamh 2012, 5.

10 Ó Ceallaigh, ‘*Neoliberalism and language shift*,’ 88.

11 *Irish Times*, an 12 Márta 2015.

12 McVeigh agus Rolston, *Anois ar Theacht an tSamhraidh*, 200.

13 Walsh, *One Hundred Years of Irish Language Policy, 1922-2022*, 73-74.

*wave of housing activism that has mobilised thousands of Irish people who are struggling to afford housing or struggling to keep their current homes.*¹⁴

Agus gach rud san áireamh, áfach, níor éirigh leis an ngluaiseacht frith-dhéine sna Sé Chontae Fíchead athrú ó bhonn a chur i gcríoch sa chóras polaitiúil. Dar le Dunphy tá roinnt mhaith cúiseanna leis seo; *‘the conservative nature of Irish political culture, the operations of the STV [Single Transferrable Vote] electoral system in a country dominated by traditions of personalism and localism, the weakness of the Irish left, the self-interest of existing parties involved in anti-austerity activism and political divisions amongst activists have all contributed to this relative failure.’*¹⁵ Ach fad is a bhain sé le nósanna vótála tá athrú i ndiaidh tarlú le blianta beaga anuas, dár le Müller agus Regan. *‘At the ballot box, a deir siad, ‘the two dominant centrist and centre-right parties—Fianna Fáil and Fine Gael—have seen their vote share decline to less than 45%. This downward trend had been in place since before 2008, but it was particularly striking in the 2020 election. Neither party won sufficient seats to form a government, and for the first time in history, they entered a grand coalition together.’* Tháinig borradh faoi Shinn Féin de bharr cheist na tithíochta go mór mór a áitítear.¹⁶ Ina theannta sin, breathnaíonn an gnáthdhuine orthu féin mar vótálai ar chlé ón lár agus tá tionchar ag ioncam an duine air seo go minic. I dtoghchán 2020 *‘lower-earning voters were most likely to identify on the left, whereas higher earning voters were most likely to identify on the right. In addition, women, young people, and those with a university degree were also more likely to identify on the left. Older and more religious voters were more likely to identify on the right.’*¹⁷ Mar a bhaineann sé leis an nGaeilge agus an Ghaelscolaíocht, tá polasaithe níos uailmhianai ag Sinn Féin ná na páirtithe eile. Mar shampla, deir polasaí Shinn Féin i leith na Gaeilge a foilsíodh le déanaí go bhfuil ‘spriocanna arduithe céimneacha a shocrú ag féachaint d’aidhm 50% de dhaltai bunscoile a

14 Valesca Lima, ‘Urban austerity and activism: direct action against neoliberal housing policies,’ *Housing Studies* 36, uimh. 2 (2021), 259.

15 Richard Dunphy, ‘Beyond Nationalism? The Anti-Austerity Social Movement in Ireland: Between Domestic Constraints and Lessons from Abroad,’ *Journal of Civil Society* 13, uimh. 3 (2017), 281.

16 Stefan Müller & Aidan Regan, ‘Are Irish voters moving to the left?’ *Irish Political Studies* 36, uimh. 4 (2021), 535-36.

17 *Ibid.*

bheith i nGaelscoil faoi 2050.¹⁸ An cheist ná, an gcuirfear i bhfeidhm iad má thagann siad i gcomharbas amach anseo ar rialtas Fhine Gael, Fhianna Fáil agus na Neamhspleáigh atá ann faoi láthair.

Sna Sé Chontae, mar a chonacthas sna rannóga go dtí seo, bhí scáth an choilíneachais fós le brath go láidir. Cé go n-imríonn an nualíobrála-chas tionchar diúltach ar chur chun cinn na Gaeilge agus na Gaelscolaíochta sa stát ó thuaidh, mar a áitíonn Ó Conchubhair, *‘the old reliable and ever faithful factors of sectarianism, bigotry, cultural intolerance, as well as illiberal attitudes are of such magnitude that neoliberalism seems to shrink into the background.’*¹⁹ I dtuairim MacKenzie et al. *‘though the Belfast Agreement’s official recognition of Irish in 1998 helped to create a more favourable political environment to [Irish-Medium education], it is still undermined by hostility to the language that stems from ideologies that have occupied the island of Ireland since the 1600s, when the architects of the “plantation” of Ulster declared that successive generations would be English in “tongue and heart.”*²⁰ Mar sin féin, deir Gilligan go dtagann comhroinnt na cumhachta faoi straidhn de bharr pholasaithe déine na Ríochta Aontaithe. *‘The imposition of austerity has helped to bring about a situation in which the key political institution created by the Agreement, the power-sharing Assembly, is once again tottering on the brink of collapse,’* ar sé. Tá Sinn Féin anois i bhfeighil na ciorruithe a bheartaíonn Westminster a chur i bhfeidhm.²¹ Bíonn tionchar nach beag aige seo ar na dinimicí laistigh den phobal náisiúnach, i measc lucht labhartha na Gaeilge agus na Gaelscolaíochta agus Sinn Féin. D’éirigh an Dream Dearg—feachtas Gael a bhfuil acht teanga á éileamh acu—aníos sa chomhthéacs coilíneach agus nualíobrálach seo. Tharraing Sinn Féin as an tionól i 2017 ndiaidh scannal caimiléireachta RHI faoi réimeas Arlene Foster agus an DUP agus mar gheall ar na constaicí a bhí na haontachtóirí a chur roimh an nGaeilge agus an nGaelscolaíochta.²² In 2020, i ndiaidh cainteanna idir na cúig mhórpháirtí sna Sé Chontae,

18 Ár Seacht nDícheall 2023, 4.

19 Ó Conchubhair, ‘The Gaelic League and Irish Ireland,’ 86.

20 Alison MacKenzie, Mel Engman, & Orla McGurk, ‘Overt and symbolic linguistic violence: plantation ideology and language reclamation in Northern Ireland,’ *Teaching in Higher Education* 27, uimh. 4 (2022), 492.

21 Chris Gilligan, ‘Austerity and consociational government in Northern Ireland,’ *Irish Studies Review* 24, uimh. 1 (2016), 43.

22 *The Journal.ie*, an 11 Eanáir 2017.

Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Breataine, a mhair roinnt míonna, aontaíodh go gcuirfí beartais an *Ré Nua*, *Cur Chuige Nua* i bhfeidhm. Mar a deir Ó Laighin, ‘mar choinníoll d’athbhunú na n-institiúidí, d’aontaigh na páirtithe le moltaí sonracha maidir le trédhearcacht, freagracht, agus feidhmiú an fheidhmeannais.... agus go háirithe cearta, teanga agus féiniúlachta.’²³ Tar éis blianta den fheachtasaíocht agus tar éis don DUP tarraingt as an tionól de bharr an Bhreathimeachta d’éirigh leis an Dream Dearg brú a chur ar Rialtas na Breataine an tAcht Teanga a chur tríd an bparlaimint in Westminster. Ach, mar a deir MacKenzie et al., ‘*unsurprisingly, there has been speculation by various Irish language groups and advocates (for example, an Dream Dearg and Conradh na Gaeilge) on whether any legislation proposed by Westminster will fully substantiate, protect, and promote the linguistic freedoms and opportunities for Irish language speakers in Northern Ireland.*’²⁴ Tréimhse corraitheach a bhí, agus atá, sna blianta seo ina raibh lucht na Gaelscolaíochta in adharca le fórsaí móra agus iad ag déileáil leo go fóill. Déanann na caibidlí thíos iarracht solas a chaitheamh ar chuid den scéal faoi na teannais reatha úd.

23 Pádraig B. Ó Laighin, *Pobal na Gaeilge: Daonra, Institiúidí, Stádas, agus Cumhacht* (Cló na nGael, 2022), 224.

24 Alison MacKenzie, Mel Engman, & Orla McGurk, ‘Overt and symbolic linguistic violence,’ 491.

CAIBIDIL 1:

IDÉ-EOLAÍOCHT, AICME AGUS NA NUA-ÉIREANNAIGH

BHÍ TIONCHAR AN PHIARSAIGH fós le brath i ngluaiseacht na Gaelscolaíochta sa tréimhse seo. Mar a thrácht AnnMarie Flanagan in alt dár teideal ‘Fás an Ghaeloideachais’ ar *Beo* sa bhliain 2013, ‘dá mairfeadh Pádraig Mac Piarais bheifí beagnach deimhin go mbeadh sé an-bhródúil as borradh na nGaelscoileanna.’²⁵ Tagraíonn Adrian Breathnach, Príomhoide Ghaelscoil Pheig Sayers, do thábhacht na teanga. Tháinig tuiscint nua chuige, agus é thar lear san Astráil ar ‘cad is brí le hionannas, cad is brí le cultúr, cad is brí le teanga...’ agus deir sé ‘gheobhainn bás ar son na teanga agus sin an freagra gur féidir liom a thabhairt.’ ‘Má chuireann tú na Sasanaigh amach,’ ar sé, ‘cad is fiú sin má leanann tú ar aghaidh ag cloí lena gcultúr?’ Is rud a mbaineann le ‘d’fhéinmhuinín agus cad as duit agus teanga a théann siar chomh fada’ í an Ghaeilge. Tá nasc láidir sa scoil idir an Ghaeilge agus an poblachtánachas, cé go ndeir sé go bhfuil ‘an Ghaeilge sa chéad áit.’ Luann sé go ndearnadh a lán rudaí conspóideacha le linn chomóradh chéad bliain an Éirí Amach in 2016. Tugadh lile do gach páiste. ‘Bhí cosc ar na *lillies* 20 bliain ó shin, chun iad fiú a dhíol. Ach rinne muid cinneadh mar bhord, “seo an tslí a bhfuil muid á dhéanamh.” Ní bhfuairamar aon ghearán ó thuismitheoir. Bhí scoil eile ag gearán fúinn, *that we were* ró-phoblachtánach mar scoil, ach is cuma.’²⁶ Murab ionann agus Breathnach, deir Seán Ó hArgáin, Príomhoide Ghaelscoil Osraí, iar-Uachtarán Gaeloideachas ó 2020–2022 agus polaiteoir de chuid Pháirtí an Lucht Oibre, ‘gur sóisialach mé mar uimhir a haon, gur náisiúnach mé mar uimhir a dó, agus gur poblachtánach mé mar uimhir a trí.’ Labhraíonn Ó hArgáin faoin bpoblachtachas le “p” beag’ agus an difrí idir Páirtí an Lucht Oibre agus Sinn Féin i leith sheasamh an dá pháirtí ar an gcogadh sa Tuaisceart.²⁷

Beag beann ar pholaitíocht páirtithe áirithe, agus d’ainneoin easnamh tagairt don náisiúnachas, bhí spreagadh bunúsach díchoilínithe le brath i ndaoine eile, Brian McKenna, a bhí ar dhuine de bhunai-

25 *Beo*, eagrán 144, Aibreán 2013.

26 Breathnach 2022.

27 Ó hArgáin 2023.

theoírí Gaelscoil na gCrann ar an Ómaigh, mar shampla:

Irish-medium education would be in the minority, obviously, because of our history, because of our voicelessness in the community. I wanted to change that, I wanted to give us, as Irish people a wee bit of self-respect. If that meant starting with young children, four years of age, five years of age, I think that I'll die happy [GÁIRE]... That is my train of thought... I wanted to reinvigorate the local community.²⁸

Níorbh é an spreagadh polaitiúil a chothaigh an t-ómós don Ghaeilge i gcónaí. I gcásanna áirithe ba léir gur imir próiseas nádúrtha an tsóisialaithe isteach sa phobal Gaeilge tionchar ar chinneadh gníomhairí nó oideachasóirí dul leis an nGaelscolaíocht. Mar a mhíníonn iar-Uachtarán Gaelscoileanna ó 2005-2011 agus Príomhoide reatha Ghaelscoil Chnoc na Ré, Mícheál Ó Broin, 'is dóigh liom ag féachaint siar is iad na cairde atá agam fós ná na daoine ar bhuail mé leo i saol na Gaeilge.... na dlúthchairde atá agam is de bharr a bheith ag freastal ar Chumann na bhFiann, de bharr a bheith ar an gcoláiste agus Gaeilge á labhairt, de bharr a bheith i nGaelscoileanna. Sin iad na cairde is mó atá agam.²⁹ Mar a dúirt Ray Mac Mánaís, oideachasóir agus fear Oireachtais a bhí mar phríomhoide ar Ghaelscoil Míde:

Bhí mé b'fhéidir, cúig bliana d'aois sular thuig mé nach Gaeilge a bhí mé a labhairt. Shíl mé gur chanúint Bhéarla na hÉireann a bhí san 'Irish.' Bhí mé sa phictiúrlann le col ceathrair liom. Bhí na Rua-Indiaigh ag labhairt a dteanga féin, Cheyanne, Apache nó [cibé rud]. Thoisigh an col ceathrair ag míniú domh, labhair sé liom i nGaeilge agus thuig mé an scéal. Shíl mé go raibh sé náireach, shíl mé ag aois an-luath ar fad, go raibh sé náireach, nach raibh mo theanga féin agam.³⁰

Tá cuid den mhíniú sna hathruithe pearsanta seo le fáil i gcoincheap na *mudes*—móimintí nuair a thagann daoine i dtreo teanga. Mar a mhíníonn Walsh agus Rourke, 'i sochtheangeolaíocht chriticiúil na Catalóinise, tugtar *mudes* (*muda* san uimhir uatha, a chiallaíonn 'ath-rú' nó 'claochlú') ar na pointí cinniúnacha sin i saol an chainteora nuair a ghabhann an Chatalóinis ról níos gníomhaí ina s(h)aol agus nuair a thagann athrú suntasach ar a c(h) leachtas teanga.'³¹ Sa mhullach air sin, 'is féidir le *mudes* titim amach nuair a athraíonn an cainteoir a g(h)

28 Agallamh.

29 Ó Broin 2022.

30 *Beo*, eagrán 137, Meán Fómhair 2012.

31 John Walsh & Bernadette O'Rourke, 'Mudes teangeolaíochta agus nuachainteoírí na Gaeilge,' *ComharTaighde* eagrán 1, 2015, 2.

níomhaíochtaí laethúla nó nuair a athraíonn sé/sí a (h)áit chónaithe, go háirithe má théann sé/sí chun na Gaeltachta. Is de gheit a thiteann cuid de na *mudes* amach, mar a bheadh splanc léargais nó eipeafáine ann.³² I ndeireadh na dála, is iomaí uair ‘gur mar thoradh ar an athrú pearsanta féiniúlachta sin a tharlaíonn na *mudes* is buaine, is seasmhaí agus is fadtéarmaí.’³³

Ar an lámh eile de, táthar siúd a bhraith gurb í an Ghaeilge a dteanga ó thús agus go raibh nithe áirithe i gceist léi. I gcás Sheáin Uí hArgáin, a d’fhás suas i dteach dátheangach agus mar sin i gcomhthéacs éagsúil, ‘mhothaíos i gcónaí go raibh an Ghaoluinn mar chuid dár n-aitheantas féin sa bhaile. Bhí an-bhéim againn ar an gceol agus ar an amhránaíocht ach go háirithe... Dá bharr sin níor dheineas deighilt riamh idir an ceol, an amhránaíocht, an teanga agus... ár bhféiniúlacht phobail.’³⁴ Don bhean Ghaeltachta, Caitríona Ní Luasa, Príomhoide Ghaelscoil Naomh Séamas, lasmuigh de Chill Orglán, ba chosúil nárbh é polaitíocht an náisiúnachais a spreag í, ach tuiscint ar an iolrachas, an ionadaíocht, buntáistí an tumoideachais, agus beocht na Gaeilge mar rud forásach ann féin. ‘Tá caighdeán ard againn,’ a deir sí ‘ach tá rud difriúil againn, tá níos mó rogha ann. Le cúnamh Dé beidh an Ghaeilge beo, is dócha sin é an rud is fearr, agus beidh níos mó Gaeilgeoirí ann.’³⁵

Radadh ceist na Gaelscolaíochta agus na haicme, agus an nasc idir an dá rud, thart sna meáin agus sa saol acadúil sna blianta seo. Tharraing leabhar David McWilliams, *The Pope’s Children: Ireland’s New Elite*, aird an phobail ar an miotas gurb í an Ghaelscoil ‘the school of choice for the sophisticated elite in Dublin’s southside suburbia.’³⁶ Tháinig iris-eoirí chuig na conclúidí céanna ina dhiaidh sin. In 2008, scríobh Kate Holmquist san *Irish Times* gur ‘language of educational apartheid’ a bhí sa Ghaeilge.³⁷ Go luath ina dhiaidh sin, d’áitigh Sarah Carey gan bunús ar bith taighde, agus í ag scríobh sa nuachtán céanna, gur bhain na

32 *Ibid.*, 11.

33 *Ibid.*, 34.

34 Ó hArgáin 2023.

35 Ní Luasa 2023.

36 *Irish Times*, an 27 Nollaig 2005.

37 *Irish Times*, an 9 Nollaig 2008.

Gaelscoileanna le ‘*social apartheid*’ agus nach raibh ‘*too many immigrants and local ruffians at the Gaelscoil*.’³⁸ I measc lucht labhartha na Gaeilge a thug freagra air seo bhí Príomhfheidhmeannach COGG, Muireann Ní Mhóráin, a scríobh i rannóg litreacha an *Irish Times* go raibh an bheirt cholúnaithe ag maireachtáil in ‘*an anecdotal world*.’³⁹ Rinne Boorah et al. bunús acadúil a chur le líomhaintí Holmquist and Cary in alt do *The Economic and Social Review* a foilsíodh in 2009. An tátal ar thángthas air ná go raibh ‘*a small, but undeniably significant, advantage that accrued to Irish speakers in terms of obtaining jobs of the professional managerial, or technical variety*.’⁴⁰ Ach d’easaontaigh Watson agus Nic Giolla Phádraig le conclúidí an pháipéir. ‘*The advantage is held by a so-called “middleclass” elite*,’ a scríobh siad, ‘*which is more likely (to claim) to speak Irish, rather than by an Irish-speaking elite. The educational advantages, to which Borooah et al. referred, rather than being the preserve of an Irish-speaking community, network or elite, are acquired mainly by the children of non-Irish-speaking parents*.’ I mbeagán focal, ‘*people with an advantage are more likely to speak Irish rather than Irish speakers being more likely to have an advantage*.’⁴¹ Ba é bun agus barr an scéil, dár leis an iriseoir Breandán Delap agus é ag scríobh ar *Beo*, ná go raibh figiúirí na n-iardhaltaí a bhí san fhórsa oibre i 2006—sé sin iad siúd a d’fhreastail ar Ghaelscoileanna idir 1950 agus 1990—i bhfad róbhéag chun tionchar suntasach a imirt ar thorthaí na taighde. Arsa Delap, ‘ní raibh ach thart faoi 5% de dhaltaí na tíre ag freastal ar Ghaelscoileanna fiú in 2006 féin agus bhí thart faoi 95% ag freastal ar ghnáthscoileanna. Cad chuige a mbeifí ag lorg fianaise gur de thoradh Gaelscoileanna atá buntáiste fostaíochta ag lucht an dátheangachais?’⁴²

Chuaigh Vanessa Mas-Moury Mack i mbun suirbhé ar an gceist in 2011. D’fhreagair tuismitheoirí ó dheich nGaelscoil suirbhé léi ar cheist an ‘éilíteachais’ sna Gaelscoileanna. Dúirt formhór na dtuismitheoirí

38 *Irish Times*, an 24 Nollaig 2008.

39 *Irish Times*, an 18 Nollaig 2008.

40 Vani K. Borooah & Donal A. Dineen & Nicola Lynch, ‘Language and Occupational Status: Linguistic Elitism in the Irish Labour Market,’ *The Economic and Social Review, Economic and Social Studies* 40, uim. 4 (2009), 457.

41 *Ibid.*; Iarfhlaith Watson agus Máire Nic Ghiolla Phádraig, ‘Linguistic Elitism: the Advantage of Speaking Irish Rather than the Irish-speaker Advantage,’ *Economic & Social Review* 42, uimh. 4 (2011), 1, 17.

42 *Beo*, eagrán 106, Feabhra 2010.

nár aontaigh siad leis an tuairim go raibh na Gaelscoileanna ‘éilíteach.’ ‘*The main argument presented*,’ ar sí, ‘*was that Gaelscoileanna are socially mixed. Other comments shared by representatives of Gaelscoileanna referred to the free and open access to Irish-medium education as well as the availability of Gaelscoileanna in different socio-economic areas.*’⁴³ Maidir le mianta na dtuismitheoirí, tugann an méid a deir Julie Gallagher, tuismitheoir agus duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil na gCrann ar an Ómaigh, léargas maith ar an meascán de mhianta a bheadh ag tuismitheoir, mianta a bhain leis an náisiúnachas ach freisin le cultúr cuimsitheach na Gaelscolaíochta, rud nár bhain go sonrach le torthaí scrúduithe amháin. Céard a spreag Gallagher le bheith bainteach leis an nGaeoloideachas cé nach labhraíonn sí Gaeilge?

*Making a contribution to my country. I abhorred our current education system [sna Sé Chontae]. I think it's lacklustre and failing our children in the biggest way. I had one child at that time and he'd gone through ordinary school and it was not good... In terms of even his emotional needs or daily needs away from his home, it was very very poor. I was determined to have more children and when I started looking into this it seemed to take care of those children who weren't in to learning and it would have an impact on them, whether they were taking part or not, because they were being exposed to two languages. But what blew my mind completely is the first meeting we had with Pilib Ó Ruanáí and Comhairle na Gaelscolaíochta, the people they brought along to speak... All those individuals I met on that night, most of them had PhDs, and I was like "this is a bit weird." But their PhDs were in something that gave back to their country... I just thought it was fascinating how so many people could have PhDs in these things like environmental sciences, and all these things, that put something back into their communities. And they could also hold a conversation and were very personable and also were strongly passionate about returning the Irish language to its glory and I went home and I studied how did that happen. How can you have a concentration of those people, what was the influencing factor and it came back to Irish-medium education. And that's what really sold it to me.*⁴⁴

Mar a bhaineann sé le ceist an bhuntáiste, i dtuairim Dhónal Uí hAiniféin, Príomhoide Ghaelscoil Mhíchíl Cíosóg, caithfear ‘an caighdeán a choimeád ard... mura bhfuil na caighdeáin oideachais ard ní bheidh éileamh ag tuismitheoirí ar an oideachas lán-Ghaeilge.’ Go príomha, ar sé, ‘ní dhéanann daoine an rogha sin ar son na cúise, déanann siad an rogha sin anois chun go mbeidh buntáiste ag a bpáistí.’

43 Vanessa Mas-Moury Mack, *Parents' attitudes to the gaelscoil as a school for the elite* (cur i láthair ag Seimineár Taighde ar an Ghaeloideachas 17.01.11) An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, 2011, 6.

44 Agallamh le Gallagher.

An t-aon rud a chuireann isteach ar thuismitheoirí ‘ná a bpáistí féinig.’ An rud atá uathu, go bunúsach, ‘ná go mbeidh oideachas d’ardchaighdeán lán-Ghaeilge ar fáil do Johnny nó Máire, nó ag a Zara, nó Ríona, nó Venus, nó pé rud atá air nó uirthi agus go mbeidh sin ar fáil go logánta nó gar don bhaile.’⁴⁵

Tá machnamh déanta ag Adrian Breathnach ar an gceist seo tar éis dó obair i nGaelscoil a bhí i gceantar saibhir. Lomchlár na fírinne, ar sé, ná go raibh ‘daoine ag cur na bpáistí sin go dtí an scoil, ceapaim féin ó thaobh an *elitism*. Bhí mic agus iníonacha le dochtúirí agus dlíodóirí ann nach raibh aon suim acu sa Ghaeilge agus an rud ba mheasa ná nuair a chríochnaigh siad tar éis ocht mbliana chuir siad iad ar aghaidh go [hiar-bhunscoil] Bhéarla.’ Ghlac Breathnach post i nGaelscoil Pheig Sayers, atá lonnaithe i gceantar den lucht oibre i dtuaisceart Chathair Chorcaí, agus creideann sé go bhfuil codarsnacht le brath i mianta na dtuismitheoirí ansin agus in áiteanna meánaicmeacha:

Caithfidh tú an cheist a chur i gcónaí i do cheann, cén fáth a gcuireann tuismitheoir a bpáiste go dtí Gaelscoil agus braitheann sé ar an gceantar. Míneoidh mé an difríocht idir an ceantar seo atá ina cheantar DEIS 1, atá faoi mhíbhuntáiste ar fad, agus [an Ghaelscoil i gceantar saibhir]. Agus ceapaim ansan an buntáiste a bhí ann ná bhí cinnte ciníochas ann—ní raibh siad ag iarraidh na páistí a bheith ann le *non-nationals* sa scoil eile. *I’d say* bhí 20 nó 30% i dtreo na Gaeilge, bhí Gaeilge ag cuid de na tuismitheoirí. Ar an iomlán, ag an am sin, bhí ainm maith ag Gaelscoileanna timpeall na tíre, tá tuismitheoirí ag rá “*yeah*, is Gaelscoil í, cuirfidh muid ann é.” Ní ar son na teanga ach go bhfaightear oideachas maith pé scéal é. Beidh tú dátheangach... Ag teacht go dtí tuaisceart na cathrach agus cén fáth go seolann siad na páistí anseo. An-difriúil ar fad. Chomh suimiúil. Agus cuirim ceist ar na tuismitheoirí anseo mar tá aithne agam orthu agus deir siad i gcónaí *I never had Irish when I was younger. I want my child to learn Irish and go to a Gaelscoil*. Is áit an-phoblachtánach é an áit seo. Náisiúnaithe ar fad iad. Níl oideachas acu ar cor ar bith, ó thaobh Béarla nó Gaeilge. An-easpa oideachais ar fad, ach tá siad chomh bródúil as a bheith Éireannach, as a bheith as Corcaigh—san iománaíocht. Chuir sé sin gliondar croí orm i gcomparáid leis an scoil eile, mar tá siad [ag cur na bpáistí] ann 100% ar son na cúise. Agus an difríocht, cuirim ceist i gcónaí, “cén áit a mbeidh siad ag dul sa mheánscoil?” agus deir siad “Ó, an Ghaelcholáiste.” Coláiste Dáibhéid sa chathair nó Gaelcholáiste Mhuire in aice linn. Agus tá ceann eile tosnaithe againn, Coláiste Mhic Suibhne suas an bóthar. Sin go hiontach. Gach páiste a théann amach as an scoil seo ag rang a sé, téann siad go Gaelcholáiste. Níl aon chaint faoi scoil

Bhéarla... Na daoine is boichte atá chomh báúil don teanga agus chomh dílis.⁴⁶

I ndeireadh na dála is anailís cháilíochtúil, seachas cainníochtúil, cuid mhaith den scagadh ar cheist na haicme go dtí seo, nó tá sé ag tarraingt ar thaighde a scaip suirbhéanna i measc líon bheag tuismitheoirí. Bheadh staidéir i bhfad ní ba uilechuimsithí de dhíth—ceann a ndéanfadh daonáireamh socheolaíochta ar thuismitheoirí agus daltaí na Gaelscolaíochta sa tír ar fad. É sin ráite, tugann an stádas DEIS (stádas a mbronntar ar scoileanna atá suite i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste agus a thugann tuilleadh tacaíochtaí dá réir) sna Sé Chontae Fíchead tuairim dúinn faoi líon na scoileanna atá i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste. In 2018 bhí sé Ghaelscoil déag, sé bhunscoil is caoga Ghaeltachta agus deich n-iar-bhunscoil lán-Ghaeilge le stádas DEIS, naoi gcinn sa Ghaeltacht agus ceann amháin, Coláiste de hÍde i dTamhlacht, san iar-Ghaeltacht.⁴⁷ Is ionann an figiúr sin agus scoil is ochtó nó thart ar 20% de na c. 380 scoil lán-Ghaeilge sna Sé Chontae Fíchead. Má bhaintear na scoileanna Gaeltachta as an áireamh ag leibhéal na mbunscoileanna, is ag thart ar 8.5% de Ghaelscoileanna a bhfuil stádas DEIS acu. Cinntí polaitiúla agus cinntí maidir le hacmhainní atá taobh thiar de bhronnadh an stádaís DEIS i roinnt cásanna, áfach.⁴⁸ Maidir le ceist an bhuntáiste agus na nGaelscoileanna DEIS, léirigh taighde le Karen Ní Chlochasaigh, Gerry Shiel agus Pádraig Ó Duibhir dár dteideal *Iníúchadh ar an Tumoideachas do Dhaltaí i Scoileanna Lán-Ghaeilge i gCeantair Mhíbhuntáiste* a foilsíodh in 2020 nach aon bhac í an Ghaeilge do dhul chun cinn oideachasúil daltaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Déanta na fírinne, léirigh na torthaí ar léamh an Bhéarla sna Gaelscoileanna DEIS ‘ar an iomlán gur éirigh chomh maith céanna nó fiú níos fearr leo ná mar a bhí ag éirí le daltaí ó chúlraí socheacnamaíocha ísle atá ag freastal ar scoileanna Béarla i gceantair mhíbhuntáiste.’⁴⁹ Mar sin, is léir go bhfuil buntáistí a baineann leis an dátheangachas agus cultúr oideachasúil na nGaelscoileanna a n-éiríonn leo cuid de na deacrachtaí a bhaineann le feidhmiú i gceantar faoi mhíbhuntáiste a sháru.

46 Breathnach 2022.

47 All-Irish and Gaeltacht Schools DEIS—primary/ post-primary.

48 Ceist Dara Calleary TD ar Damien English TD, 2016, Sráid Chill Dara.

49 Ní Chlochasaigh, Shiel, Ó Duibhir 2020, 112; *Tuairisc.ie*, 27 Lúnasa 2020.

Modh eile gur féidir leas a bhaint as chun stádas socheacnamaíoch na scoileanna lán-Ghaeilge trí chéile a scagadh ná anailís léarscáile ar shuíomhanna na nGaelscoileanna, scoileanna Gaeltachta agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ag baint úsáid as teicneolaíocht ArcGIS. Is éard atá sa mhéid a fheictear i bhFíoracha 4 go 7.1 ar leathanaigh 333-337 ná eolas a gineadh ná eolas a gineadh trí chrostagairt a dhéanamh ar léarscáil ArcGIS ar scaipeadh threolaíoch na scoileanna le léarscáil shlaodta eile ó thuairisc POBAL ar an míbhuntáiste. Déanann POBAL na ceantair is mó rachmas go dtí na ceantair is lú rachmas a rangú ó 1 go 7, nó i dtéarmaí na ndathanna sna léarscáileanna i lár an leabhair, ó gheal go dorcha.

1. An-saibhir
2. Saibhir
3. Beagáinín os cionn an mheáin
4. Beagáinín faoin meán
5. Faoi mhíbhuntáiste
6. Faoi an-mhíbhuntáiste
7. Go láidir faoi mhíbhuntáiste

Tá modh beagáinín níos casta ann do na Sé Chontae a bhaineann úsáid as uimhríocht níos airde, a ritheann ó 1 (an ceantar is mó faoi mhíbhuntáiste) go 5022 (an ceantar is saibhre). Is féidir cinn an Tuaiscirt a ionannú le cinn na Sé Chontae Fíchead trí 5022 a roinnt i seacht gcuid. Ag tabhairt an mhéid sin san áireamh don Dá Chontae is Tríocha ar fad (Gaeltacht agus iar-Ghaeltacht), feictear ar an mbarrachairt ar ar an mbarrachairt (Fíor 4) ar leathanach 333 go bhfuil go bhfuil: sé scoil is fiche suite i gceantair shaibhre; 103 scoil suite i gceantair atá beagáinín os cionn an mheáin; an líon is mó, 157 scoil, i gceantar atá beagáinín faoin meán; tá ceithre scoil is seasca le fáil i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste; tá ocht gcinn in áiteanna atá faoi an-mhíbhuntáiste agus tá ceithre cinn déag in áiteanna atá go láidir faoi mhíbhuntáiste. Dar ndóigh, ní léiríonn an méid sin ach na ceantair ina bhfuil na scoileanna suite. Ní léireodh sé sin comhdhéanamh aicmeach na scoileanna go cruinn i ngach cás. Mar shampla, tá Gaelscoil Inse Chóir suite i gceantar saibhir, Droichead na hInse, ach tá abhantrach aige a fhreastalaíonn ar dhaltai i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste cosúil le

Baile Formaid. É sin ráite, is tomhas réasúnta í an bharrachairt agus an tonnchairt leis a léiríonn gurb é an meánlíne ná ceathair, beagáinín faoin meán. Tá níos mó scoileanna sa tír (241 san iomlán) lonnaithe i gceantair atá faoi bhun an mheáin, ná mar atá ós a chionn, 139. Caithfear, mar sin féin, éagsúlachtaí tíreolaíochta de réir dlínse a thabhairt san áireamh chomh maith. Tá níos mó scoileanna i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste sna Sé Chontae ná mar atá sna Sé Chontae Fíchead, sa Ghaeltacht agus lasmuigh di.⁵⁰ Toradh amháin ar na difríochtaí aicmeacha, agus an comhthéacs polaitiúil, idir an dá dhlínse ná cur chuige ghluaiseacht na Gaeilge sa dá dhlínse, mar a mhíníonn Ní Chathail:

Smaointím ar Éire mar dhá chontae is tríocha, gan dabht, agus sin mar atá. *But* aithním go bhfuil difríochtaí sa dá dhlínse. Fiú inár gcur chuige motháim in amanna gur gealt mise. Nuair atá cruinnithe ann insan eagraíocht agus tá muidne breá glórach... nuair atá rud éigin ann nach n-aontaím leis “fan soicind, ní aontaím leis sin.” Agus motháim go bhfuil cuid mhaith de mhuintir na Sé Chontae Fíchead sórt míchompordach leis sin mar ní sin an cur chuige atá acu. Tá siad níos córasaí, b’fhéidir, ná mar atá muidne. Tá muidne níos cleachtaí le bheith ag troid.⁵¹

Ceann de na tréithe ba shuntasáí a bhain leis na hagallaimh a rinneadh leis na príomhoidí agus gníomhairí, go háirithe, le linn na tréimhse seo ná an idé-eolaíocht fhorchéimnitheach i leith na n-eachtranach agus na dteifeach. Feicfear sin thíos i gcás cuid mhaith de na scoileanna. Sa tréimhse seo chomh maith le scaipeadh an tsaoil dhigitigh chonacthas tuilleadh daoine i gcéin ag foghlaim na Gaeilge. Rinneadh iarrachtaí an Gaeloideachas a chothú thar sáile chomh maith. Mar shampla, bunaíodh naíonra i Learphoill in 2008 chun freastal ar Ghaeil na cathrach ar theastaigh uathu go sealbhódh a gcuid páistí an teanga. Ba é John Harrington, léachtóir le dlí in Ollscoil Learphoill agus gurb as Trá Lí é ó dhúchas, agus a bhean Ambreena ón gCéinia, a thosaigh an naíonra le cabhair ó chraobh de Chonradh na Gaeilge sa gcathair. Theip ar a mhacasamhail de thogra i Londain an tráth céanna de dheasca easpa páistí. Ba dheacair teacht ar go leor páistí i Learpholl chomh maith, agus bhí daoine ag teacht is ag imeacht ar imirce i gcónaí, iad ag fillleadh ar Éirinn.⁵² Cuireadh fáilte roimh Nua-Éire-

50 Suíomh Sealbhú.

51 Ní Chathail 2021.

52 Tony Birtill, *Ar na Saolta Seo: Cuid 2—Gaeilge i Learpholl*, *Beo*, eagrán 94, Feabhra 2009.

annaigh agus daoine a bhí ag cur fúthu sa Ghaeltacht nó amuigh faoin tuath an Ghaeilge a fhoghlaim chomh maith agus bhí lámh ag roinnt d'oideachasóirí ghluaiseacht na Gaelscolaíochta sna hiarrachtaí sin mar a mhíníonn Ó hArgáin:

Mhúineas ranganna do dhaoine fásta i gCiarraí Theas fad is a bhíos ann. Rud a fuair mé an-fhrustrach ar fad ná go raibh níos mó eachtrannach ag teacht go dtí na ranganna ná mar a bhí de na daoine áitiúla. Bhí Ollanaigh, Gearmánaigh, an-chuid de na daoine sin ina gcónaí i gCiarraí Theas. Bhíodar siúd an-bháúil leis an teanga agus á piocadh suas. Na daoine ba láidre sa phobal ó thaobh na teanga a labhairt ná daoine a bhí tar éis bogadh amach ó na cathracha cosúil le Baile Átha Cliath agus Luimneach agus mar sin dó.⁵³

In ainneoin an mheoin fhorásaigh agus fháiltigh seo, léirigh tuairisc de chuid na Roinne Oideachais a foilsíodh le gairid nach raibh ach 1% de dhaltaí Gaelscoile agus Gaelcholáiste ina n-eachtrannaigh i gcomparáid le 10% i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.⁵⁴ Creideann Vivian Uíbh Eachach, iar-Uachtarán Gaelscoileanna, gurb é ‘an dúshlán is mó atá roimh ghluaiseacht na Gaelscolaíochta ná córas éigin a cheapadh chun a chinntiú go bhfuil an Ghaelscolaíocht ar oscailt do “na hÉireannaigh Nua.” Mar a mhíníonn sé:

Tá bacanna áirithe ann ó thaobh gan Béarla ná Gaeilge a bheith ag cuid mhór de na teaghlaigh atá ag teacht isteach in Éirinn anois agus gur tosaíocht dóibh an Béarla a fhoghlaim, ní nach ionadh. Tá dianmhachnamh le déanamh agus tá réiteach le haimsiú gan mhoill ar an dúshlán sin. Ní foláir an Ghaelscolaíocht a bheith ar oscailt do chách agus ní foláir do na hoideachasóirí oile inár measc dianmhachnamh a dhéanamh ar an gceist sin agus teacht ar réiteach gan mhoill. Cheana féin, tá naimhde na Gaelscolaíochta ag baint mí-úsáid as an dúshlán sin a bheith againn.⁵⁵

Tá na dúshláin sin tugtha faoi deara ag oideachasóirí agus taighdeoirí gur spéis leo cur chun cinn na Gaelscolaíochta. Foilsíodh taighde ag tús na bliana seo caite le hAisling Ní Dhiorbháin, Lorraine Connaughton-Crean agus Pádraig Ó Duibhir dár teideal *Soláthar an Oideachais Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta do Pháistí a bhfuil Béarla mar Theanga Bhreise Acu* a léirigh cuid de na deacrachtaí a bhaineann le tuismitheoirí páistí gur ó chúlraí eitneacha éagsúla iad i dtreo na Gaelscolaíochta. Ar

53 Ó hArgáin 2023.

54 *An Overview of Provision for Irish-Medium Education outside of the Gaeltacht* 2022, 32.

55 Uíbh Eachach 2022.

an iomlán, mar shampla, ‘cé go raibh cuid de na rannpháirtithe den tuairim go raibh buntáistí ag baint le foghlaim na Gaeilge léiríodh an tuairim chomh maith go bhféadfadh an tumoideachas cur isteach ar thorthaí foghlama sa Bhéarla agus léiríodh éiginnteacht faoi rochtain teaghlaigh ilteangacha ar na scoileanna lán-Ghaeilge.’ Rinneadh sraith moltaí ag an macraileibhéal agus an micrileibhéal a chuimsigh polasaí stáit, fógraíocht ilteangach, soláthar Gaelscoileanna, cur chuige ilteangach sna scoileanna féin i dteannta nithe eile.⁵⁶

Advanced Review Copy

⁵⁶ Ní Dhiorbháin, ConnaughtonCean, Ó Duibhir, 50-51; *Tuairisc.ie*, an 1 Feabhra 2023

CAIBIDIL 2:

AG DUL I NGLEIC LE HÍONSAÍ AN CHIORCLÁIN, 2008-10

PLÉADH CEIST AN CHIORCLÁIN sa rannóg dheireanach. Ionsaí ab ea an ciorclán ar choincheap an tumoideachais agus bhí an conach ar fad ar chuid mhaith gníomhairí agus oideachasóirí ghluaiseacht na Gaelscolaíocht go fóill in 2008 agus an ciorclán á chur i bhfeidhm. Go luath ina dhiaidh di tosnu mar phríomhfheidhmeannach is cuimhin le Bláthnaid Ní Ghréacháin gur ‘thosaigh an bhagairt ar fad maidir leis an luath-thumoideachas.’ Ní raibh de rogha ag Gaelscoileanna ach ‘feachtas an-láidir’ a bhunú i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge agus grúpaí eile. ‘Rinneadh an-chuid taighde,’ arsa Ní Ghréacháin, ‘fuair muid go leor saineolaithe chun na himpleachtaí oideachais a leagan amach dúinn, bhunaigh muid feachtas chun dul i bhfeidhm ar pholaiteoirí, bhí muid go minic os comhair na gcomhchoistí agus é sin ar fad agus ansin ag an am céanna bhíomar ag plé leis na scoileanna a thionscnaigh cás dlí... Bhí an cur chuige ag rith ar aghaidh go comhthreomhar.’⁵⁷ Is cuimhin le Mícheál Ó Broin, a bhí ina Uachtarán i rith an ama, go raibh ‘dhá straitéis ar siúl—bhí ceann dlí agus ansin bhí an feachtas bolscaireachta agus poiblíochta ann’ agus nach ‘raibh cead ag Gaelscoileanna a bheith luaite leis an gcás cúirte.’⁵⁸ ‘Bhí sé thar a bheith rathúil mar fheachtas,’ a mhaíonn Ní Ghréacháin. Feachtas ab ea é a bhí dírithe ar dhul i bhfeidhm ar na státseirbhísigh shinsearacha agus ar an aire. Bhí ‘go leor páistí taobh amuigh de Theach Laighean ag agóidíocht agus ag bailiú agus gach rud. Is cuimhin liom go raibh guth an tuismitheora an-láidir. Fuair muid go leor urlabhra gur tuismitheoirí iad chun labhairt ar na himpleachtaí. Bhí sé an-éifeachtach.’⁵⁹ Cé go raibh athrú aire ann in earrach na bliana 2008 nuair a tháinig Batt O’Keefe, Fianna Fáil, i gcomharbas ar Mary Hanafin mar aire oideachais, chloígh O’Keefe leis an gciorclán ar dtús. Ag labhairt dó i dTeach Laighean i mí Bhealtaine 2008, i gceann dá chéad ráitis ar pholasaí poiblí, dúirt sé ‘*my Department’s policy is that all schools, including Irish-medium schools, should provide the*

57 Ní Ghréacháin 2021.

58 Ó Broin 2022.

59 Ní Ghréacháin 2021.

*minimum required instruction time in English.*⁶⁰ Níor fhíon ar lár a bhí sa chás cúirte agus san fheachtasaíocht uilig, áfach, agus go luath ina dhiaidh sin d’athraigh O’Keefe a intinn. ‘Le scéal a dhéanamh gearr,’ arsa Ó Broin, ‘nuair a tháinig Batt O’Keefe isteach mar Aire in 2008 labhair sé linn agus dúirt sé linn “tá mé chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcioclán” [agus] tháinig deireadh leis.’⁶¹

Thángthas ar shocrú taobh amuigh den chúirt. ‘Bhí sé sin ina bhua ollmhór don earnáil,’ dar le Ní Ghréacháin:

Ní hé gur tháinig ciorclán eile amach ina dhiaidh sin ag moladh go gcuirfeadh gach scoil luath-thumoideachas i bhfeidhm... ach roinnt blianta ina dhiaidh sin nuair a thosaigh an plé don Pholasáí Oideachais Gaeltachta, aithníodh an tábhacht a bhain leis an luath-thumoideachas. Is cuimhin liom tháinig litir amach chuig na scoileanna Gaeltachta ag rá “moltar an luath-thumoideachas a chur i bhfeidhm.” Níor tharla sé sin go bhfios dom do na scoileanna a bhí lasmuigh den Ghaeltacht ach ar a laghad bhí an tuiscint ann go raibh cleachtais éagsúla ann.

Diaidh ar ndiaidh bhí na cigirí ag moladh go gcuirfí i bhfeidhm an tumoideachas, cé nach bhfuil sé ann go hiomlán go fóill.⁶² De dheasca na doiléire, thit an fhreagracht ar scoileanna, agus príomhoidí aonaracha, polasaí tumoideachais a chur i bhfeidhm nó gan é a chur i bhfeidhm sna blianta i ndiaidh chinneadh O’Keefe. Bhí roinnt príomhoidí ann a bhí ag tarraingt na gcos ach chinn cuid eile brú ar aghaidh agus an tumoideachas a chur i bhfeidhm arís. I nGaelscoil Pheig Sayers, mar shampla, tháinig Adrian Breathnach i réim mar phríomhoide thart ar 2013, tráth a raibh Béarla á mhúineadh sa dara téarma de na naíonáin bheaga. ‘Ní hé sin tumoideachas’ ar sé. D’athraigh Breathnach é agus tosaíonn daltaí na Gaelscoile ar an mBéarla sa téarma deireanach de naíonáin mhóra.⁶³ Míníonn Ó hArgáin go raibh díospóireacht ann faoin tumoideachas nuair a ceapadh eisean mar phríomhoide in 2008:

Ceann de na rudaí a dúras ag m’agallamh, agus dúras leis an mbord agus leis an bhfoireann é, ná go rabhas ag iarraidh ar a laghad an rud a fhiosrú, an mbeadh sé oiriúnach dár scoil. Tháinig sé isteach i ndeireadh na dála in 2011. Thóg sé roinnt mhaith plé. Thugamar cuirí do phríomhoidí ó roinnt mhaith scoileanna, cuir i gcás Siobhán Nic Gearailt ón nGaelscoil i Ráth

60 *Kerryman North Edition*, an 28 Bealtaine 2008.

61 Ó Broin 2022.

62 Ní Ghréacháin 2021.

63 Breathnach 2022.

Cúil, Gabriel Ó Cathasaigh ó Bhaile an Chollaigh, Dónal Ó hAiniféin in Inis. Agus bhí an-chuid taighde déanta ag Dónal—tráchtas máistreachta an-tábhachtach scríofa aige. Go híoróineach tagann beirt acu ón ngleann céanna agus an triúr acu ón bparóiste céanna. Ach bhíodar iontach. Thugadar an-fhaoiseamh don bhord, don fhoireann go bhféadfaimis seo a dhéanamh.

Thosaigh Gaelscoil Osraí ar an luath-thumoideachas leis na naíonáin bheaga arís in 2011, agus, diaidh ar ndiaidh, chuir siad i bhfeidhm é do na naíonáin mhóra. ‘Go híoróineach,’ arsa Ó hArgáin, ‘ag an bpointe sin, [chinn] an Roinn Oideachais, a bhí tar éis treoir a thabhairt dúinn gan tumoideachas a bheith againn... treoir a thabhairt dúinn dul chomh fada le deireadh na naíonáin móra....’⁶⁴ B’údar mórtas é do Mhícheál Ó Broin gur bhuaigh an ghluaiseacht an cath ríthábhachtach sin. ‘Má tá mé in ann ceann amháin a ainmniú ó thaobh na rudaí ar fad lena raibh mé páirteach,’ ar sé, ‘sin an ceann is mó go bhfuil bród orm as. Ní bród pearsanta nó aon rud, ach *just* go raibh áthas orm go raibh mé ann nuair a tharla sé.’ Mar sin féin, creideann sé, ag an am céanna, ‘nár chóir go mbeadh orainn an troid sin a throid.’⁶⁵

64 Ó hArgáin 2023.

65 Ó Broin 2022.

CAIBIDIL 3:

**GAELSCOIL CHLUAINÍN, 2007—‘GO TOBANN,
BHÍ CÁIL AMUIGH AR AN ÁIT GO RAIBH DAOINE
LE GAEILGE ANN’**

BAILE BEAG TUATTHE is ea Cluainín Uí Ruairc atá suite i dtuaisceart Chontae Liatroma, ceantar ina dtosaíonn na sléibhte ag ardú agus duine ag tiomáint i dtreo Thír Chonaill. Ceantar feirmeacha beaga le seantaithí ag na daoine ann ar an imirce agus an bánú tuaithe. Ach le linn na tréimhse a bunaíodh Gaelscoil Chluainín ba mhór idir na seanlaethanta agus ré seo an Tíogar Cheiltigh. Bhí daonra an bhaile tar éis fás 25% idir 2002 agus 2006 go 1,158 duine.⁶⁶ Bhíodh eastáit tithíochta á dtógáil ar imeall an bhaile agus bhí daoine ann a chuaigh ar deoraíocht agus muintir na mbailte móra ag tarraingt ar Chluainín. Duine acu sin ná an Gael as Baile Átha Cliath Rossa Ó Snodaigh, gurb eol do shaol na Gaeilge é mar údar agus mar cheoltóir sa bhanna Kíla agus lena raibh baint lárnach ag a athair, Pádraig, le gluaiseacht na Gaeilge agus na Gaelscolaíochta mar a luadh sna rannóga go nuige seo. ‘Bhí cúig dhuine is fiche i láthair tógála in san baile,’ arsa Ó Snodaigh, ‘bhí an áit tar éis líonadh le páistí... praghas mór ach ba iad na tithe ba shaoire in Éirinn, €200,000.’⁶⁷

I gcuid mhaith de na cásanna a pléadh go dtí seo ní raibh ach dornán daoine, leathdhosaen nó dosaeen ar a mhéid, ar choistí bunaithe na nGaelscoileanna. Ach i gCluainín bhí cúig dhuine is fiche ar an gcoiste bunaithe agus bhí ‘an-fhonn’ ann go dtosódh an Ghaelscoil. Meascán de dhaoine áitiúla, daoine a bhí tar éis bogadh isteach, beirt nach raibh aon pháistí acu, agus duine a bhí ina mhúinteoir Gaeilge sa scoil ar an mbaile a bhí ar an gcoiste. Bhí an Snodach á thiomáint, go pointe, agus rinneadh cathaoirleach de tar éis tamaill. Bhí gach éinne eile ag obair ach ba é siúd a bhí i mbun na hoibre ó lá go lá, ‘ag glaoch ar na rannóga cuí chun cinntí éagsúla a dhéanamh.’ De bharr an fháis daonra ar an mbaile bhí an scoil náisiúnta plódaithe agus, murab ionann agus cásanna eile, tháinig príomhoide na scoile ag impí orthu an Ghaelscoil a oscailt. D’éirigh leis an gcoiste ainm seacht bpáiste dhéag a bhailiú agus chuaigh siad i mbun airgead a thiomsú—eagraíodh oí-

66 Daonáirimh 2002, 2006 POS.

67 Agallamh.

cheanta rásaíochta agus rinne daoine píotsa. ‘I ndáiríre,’ arsa Ó Snodaigh, ‘bhí sé dochreidte mar shamhlófá go raibh gach duine insa phobal cheana féin. Ach i ndáiríre bhí siad díreach tar éis bogadh isteach.’⁶⁸

Ach is iomaí bád a bád ag ceann na céibhe. Bhí dúshlán ní bá mhó le teacht do fóill. Rud amháin a chuaigh deacair orthu ná múinteoirí a earcú agus trealamh a aimsiú. Mar a mhíníonn Ó Snodaigh, ‘fuaireamar an cead i mí Eanáir agus bhí ar an áit a bheith ar oscailt [i Meán Fómhair] 2007. I ndáiríre, tá sé fíor-aisteach, fágтар thú as do stuaim féin chun scoil a oscailt. Bhí mise ag rá “cá bhfaigheann tú na troscáin?”’ Ba léiriú ar ré an Tíogair Cheiltigh, b’fhéidir, an chaimiléireacht a chuir bac ar an nGaelscoil áitreabh socair a aimsiú ar an mbaile ar dtús. Rianaíonn Ó Snodaigh na deacrachtaí ar leith a bhain leis sin:

Bhí sé an-aisteach an rud a bhí ag tarlú. Bhí fear ag tógáil. Dúirt seisean go raibh cead aige an teach in aice leis an *pub* a leagadh agus go dtógfadh sé scoil dúinn agus dúirt mise “*great*, tá áit againn”... Tháinig muid ar an duine seo agus is brabús a raibh seisean ag smaoineamh air. Lorg sé airgead. Cheap seisean go bhfaigheadh sé *public-private partnership*. Thosaigh sé ar an tógáil agus leag sé rud nach raibh cead aige leagadh. Stop an tógáil agus cuireadh an scoil ar siúl i dteach tábhairne... An chéad bhliain bhí sé thuas staighre san áit a mbíonn an dioscó ar siúl, club oíche. Bhí an beár anseo agus seomra damhsa ansin agus cuireadh balla idir an dá áit sin. Cuireadh cuailí ag an mbeár. Bhí rudaí le mná leathnocht agus soilsí acu ina lámha. Cuireadh boscaí timpeall orthu sin.

Rinne Ó Snodaigh agus an coiste a ndícheall chun an Ghaelscoil sa dioscó a rith. Lá amháin ‘bhí scoil á dúnadh in áit éigin agus bhí muidne agus bhí fear againn a bhí ár dtiomáint timpeall agus bhí muid ag déanamh taifid agus bhí muid ag dul amach chun Shane McGowan a bhailiú agus bhí neart spáis ar chúl an veain seo. Dúirt mise “*look*, an féidir linn stopadh agus gheobhaimid an stuif seo sula bhfaighidh muid mo dhuine?” agus dúirt sé “*alright*.” Fuair muid an seantroscán ar fad a bhí á chaitheamh amach as an tseanscoil seo! Cé go bhfuair an coiste troscán ón tseanscoil úd, d’imir lucht na seanscoile bob ar an gcoiste. Chreid Ó Snodaigh agus an coiste go raibh ‘muid ar tí sin a fháil.’ Ach, ‘an dream a bhí chun é a ligean amach bhí siad *just* ár n-úsáid ag cur níos mó brú breis stuif a stóráil ann... Ba chuma sa foc

leo faoin teanga.⁶⁹

Sceach eile sa chosán ab ea ceist an tsainmheoin sa Ghaelscoil. Mhol Ó Snodaigh gur scoil ilchreidmheach faoi stiúir an Fhorais Pátrúnachta ba chóir a bheith ann. Thug an coiste cuireadh do mhúinteoir as scoil ilchreidmheach, Eoin Mac Cormaic, agus an príomhoide a bhí i nGaelscoil Éirne i mBéal Átha Seanaidh, Niamh Nic Dhiarmada, teacht go Cluainín. Tar éis do Nic Dhiarmada caint ag an gcrúinniú ‘chuir duine éigin a lámh suas agus dúirt sé “cén rannóg den Phrotastúnachas atá á múineadh agaibh?” agus dúirt sise “níl a fhios agam”... “má tá aon bhaint aige seo le Preispitéarachas, ní bheidh aon bhaint ag mo pháiste leis sin. Chreid siadsan gur díoltas ó Dhia a bhí sa Ghorta Mór.” Labhair Mac Cormaic faoin ilchreidmheachas ina dhiaidh sin agus maíonn Ó Snodaigh go raibh ‘gach duine meallta’ go dtí ‘gur mhínigh sé nach ndearna siad Daidí na Nollag bliain amháin.’ Sa mhullach air sin bhí an slua ‘an-mhíshuaimhneach’ nuair a fuair siad amach go ndéanfaí na sacraimintí lasmuigh d’uaireanta scoile. Cuireadh an cheist go vóta agus an toradh a bhí air ná gur scoil Chaitliceach a bhí uathu. Ach, arsa Ó Snodaigh, níorbh ‘é sin an cinneadh a bhí le déanamh.’ Ba chinneadh ‘idir scoil idirchreidmheach nó ilchreidmheach’ a bhí le déanamh. Ghoill sé seo ar an Snodach, mar go raibh bean amháin a bhí ag an gcoiste bunaithe a bhí ‘an-an-gníomhach’ agus Protastúnach ab ea í. Reáchtáladh an vóta don dara huair agus nuair a tháinig an toradh isteach shiúil seisear den choiste amach mar gur roghnaíodh scoil ilchreidmheach.⁷⁰

Bhí polaitíocht na teanga, gaol na teanga leis an gcoilíneachas agus dearcthaí na nÉireannach Nua i leith na Gaeilge le sonrú san fheachtas chun Gaelscoil Chluainín a bhunú chomh maith. Is cuimhin le hÓ Snodaigh agus é amuigh ag scaipeadh bileog thart ar an mbaile an chéad lá gur ‘stop an fear seo mé agus thug mé bileog dó, “*what fuckin’ use is that language, ha?*” agus lean sé ag béicíl agus bhí argóint agam leis agus dúirt mise “bhuel, tá deireadh do shaoil ag teacht, ach beidh Gaeilge ag na páistí agus beidh tusa san uaigh.” Ach, ‘an chéad rud eile agus mé ag siúl suas an bóthar fuair mé gloch, [Béarla le blas Sasanach] “*alright, ‘ello, I’ll be really interested in the Gaelscoil.*” I was going “you

69 Ó Snodaigh 2023.

70 *Ibid.*

know it is for kids?” [Béarla le blas Sasanach] “*yeah I know, my daughter wants to go.*” Bhí mise ag rá, “cad é seo? An t-Éireannach glan in éadan na teanga agus an Sasanach iomlán ar a son.” Bhí mé ag rá, “táimid ag maireachtáil i sochaí an-an-ait.” Thosaigh an scoil le trí pháiste is tríocha idir ceithre rang. Bhí seacht dtuismitheoir déag ann nár rugadh in Éirinn as na chéad trí dhuine is tríocha, ‘rud a bhí go hiontach,’ arsa Ó Snodaigh. ‘Bhí an t-uafás teifeach ag teach isteach sa tír. Agus bhí duine as Fine Gael ag seasamh suas ag gur chóir go mbeadh airgead ann agus bunaíodh an buiséad seo chun Béarla a fhoghlaim.’ Chuaigh Ó Snodaigh i mbun argóna leis an Roinn Oideachais faoin maoiniú breise don tacaíocht teanga. Ní raibh an roinn sásta é a chur ar fáil dá mba chun Gaeilge a mhúineadh a bhí sé, rud a chuir alltacht ar Ó Snodaigh; ‘tá daoine ag teacht isteach le cúig theanga as tíortha i gcéin. Ceapann siad “*ah you’re too thick to learn Irish.*” Is ciníochas é sin, ciníochas iomlán. Tá an Ghaeilge thíos leis.’

Deir Ó Snodaigh go raibh an Roinn Oideachais drogallach stádas buan a bhronnadh ar Ghaelscoil Chluainín ar dtús. Tríd is tríd, ní raibh taithí mhaith aige ag plé leis an roinn agus is fiú a eispéireas a roinnt:

Tá roinnt daoine ann atá ar do shon agus roinnt daoine istigh ansin atá i do choinne. Agus an chuid is mó tá siad i do choinne nó tá siad go hiomlán dúr... Thosnaigh mé ag glaoch ar uimhreacha sa Roinn Oideachas, “cad a dhéanann sibhse, cén rannóg é seo?” Bhí na huimhreacha ag athrú an t-am ar fad. “Cad a dhéanann sibhse?” “ní féidir liom é sin a rá,” “is cathaoirleach mé, ba mhaith liom fios a bheith agam cad iad na rannóga gur féidir liom glaoch orthu má tá bhur dtacaíocht uaim, cad é do rannóg agus cad a dhéanann tú?” “níl mise chun é sin a rá leatsa!”... Ní thugadh siad an t-eolas sin dom... Is dúramán an chuid is mó dóibh, ach b’fhéidir nach dúramáin iad, b’fhéidir go bhfuil siad díreach á gcosaint féin. Is cluiche mór fichille atá insa státhchóras agus tá na daoine beaga a deir linne cad is féidir linn a dhéanamh agus ní féidir leo ach gluaiseacht ar aghaidh agus dul ar dheis má tá duine éigin ann, nó má tá an freasúra le leagadh tugtar an jab dóibhsan. Ní féidir leo tada a dhéanamh *so* ligeann siad orthu féin go bhfuil siad dúr. Agus is na daoine ar chúl a chuireann na fichillíní amach chun an drochobair a dhéanamh agus chun bás a fháil ar a son. Is na daoine ar cúl atá ag déanamh na rialacha agus ag déanamh cinnte de nach féidir leis an nGaeilge bogadh ar aghaidh. Bheinn cinnte de go bhfuil daoine leis an meon céanna a bhí ag an LFM, go bhfuil siad sin fós insa chóras.

Cé gur éirigh leis an nGaelscoil aitheantas a fháil agus buanú, go pointe, tá buairt ar Ó Snodaigh do thodhchaí na scoile. Fearacht cuid

scoileanna beaga tuaithe eile, ach murab ionann agus go leor Gaelscoileanna, tá titim i líon na ndaltaí. In 2019, ‘bhí laghdú chomh mór sin tagtha ar líon na bpáistí a bhí sa Ghaelscoil nach raibh ach trí mhúinteoir ann seachas ceithre mhúinteoir.’ Chinn Ó Snodaigh ar naíonra a bhunú chun dul i ngleic le fadhb na n-uimhreacha ísle. D’éirigh go maith le naíonra i gCora Droma Rúisc agus thosaigh líon na bpáistí ag ardú i scoil Bhéarla, ar sé. Chuaigh sé timpeall ‘ag lorg daoine nuair a bhí lá mór an tsamhraidh, The Manorhamilton Show, ann. Théinn suas chuig éinne le páiste, bheadh “*bonny baby show*,” agus [d’iarrfainn] “an mbeadh suim agat do pháiste a chur go dtí naíonra Gaeilge?” Bhreac mé a lán ainmneacha, bhí a lán suime ag daoine....”⁷¹

Bhí tionchar an nualíobrálachais le brath sna deacrachtaí a bhí ann nuair a theastaigh ón naíonra a chur ar an bhfód. Chuaigh Ó Snodaigh go dtí naíolann áitiúil agus rinne sé iarracht naíonra a cheangal isteach leis, ach bhí fadhbanna ann áit a aimsiú, fadhbanna árachais agus fadhbanna earcaíochta. Deir sé go bhfuil cúrsaí maorlathais imithe as smacht; ‘gach fiche nóiméad bíonn ort teocht an chuisneora a bhreacadh síos.’ Anuas air sin, níl an post tarraingteach. ‘Má tá tú i do [oibrí naíonra],’ arsa Ó Snodaigh, ‘oibríonn tú an bhliain ar fad, má tá tú i do mhúinteoir oibríonn tú naoi mí den bhliain agus faigheann tú pá i bhfad bhfad níos mó.’ Agus, ina thuairim, baineann leibhéal oideachais lucht na Gaeilge leis an bhfadhb; ‘a lán de na daoine le Gaeilge tá siadsan níos oilte de bharr go bhfuair siad an Ghaelscolaíocht, so tá siad ag lorg postanna a íocann níos mó airgid? An gcuireann cúrsaí ábharaíochta an tsaoil as don Ghaelscoil?

Níor tógadh aon teach nua insa cheantar seo ó 2007. Stop siad ar fad. Tá a lán daoine atá ar aithne againn, tá siad á gcaitheamh amach as na tithe mar go bhfuil an banc ag cur brú ar na daoine na tithe a dhíol toisc gur féidir leo an t-airgead a fháil ar ais. Tá sin ag dul i gcoinne go leor ceantracha beaga ó thaobh an daonra de. Ach easpa páistí ag teacht ar an saol... Mar a dúirt mé bhí ruathar mór, díoladh na tithe ar fad. Ní stopfaidh daoine ag tabhairt páistí ar an saol ach ní bheidh an líon chomh mór sin ann...

D’ainneoin na ndeachrachtaí úd labhraíonn Ó Snodaigh go dearfach faoi thoradh na Gaelscoile. Cabhraíonn an Ghaelscoil leis an imeascadh ina thuairim agus tagraíonn sé do bhean as an Úcráin a bhí ar an gcoiste bunaithe agus Lá na hÚcráine a reáchtáladh ar na mallaihbh.

‘Nuair a thosnaigh an t-ionradh ar an Úcráin,’ a mhaíonn sé, ‘duine amháin atá againn is amhránaí é agus d’aistrigh sé amhráin na nÚcránach go Gaeilge agus bhí muidne ag déanamh oíche chun airgead a bhailiú... agus dúirt mise “cén fáth nach dtagann tú agus an t-amhrán sin a chasadh?”... Chuir muid os comhair an phobail é. Chan gach éinne i nGaeilge.’ I dtaobh thodhchaí fhisiciúil na scoile ‘tá scoil nua á fáil... agus b’fhéidir le scoil nua go meallfaidh sé sin daoine isteach. Feicfidh siad scoil nua dheas ar imeall an bhaile agus [déarfaidh siad] “*oh right*.” Sin a bhfuil mise ag tnúth leis. Tá an talamh ceannaithe ach níor casadh an fód go fóill ach tarlóidh sé.’ Tá áit ag an nGaeilge ar an mbaile freisin mar gheall ar an nGaelscoil. Tá baint aige le Coiste Glór na nGael ar an mbaile agus éiríonn go maith leis na gnólachtaí a spreagadh. Bhí ‘tobleabharlann’ acu bliain amháin a ghlac 1,000 euro isteach, ‘i mbaile beag de 1,500 duine’—ach bhain COVID gaoth as seolta na n-iar-rachtaí sin. Agus cé go bhfuil cuid de na páistí gan Ghaeilge mhaith agus iad ag fágáil na Gaelscoile ‘tá deis ag an teanga fás. Sin an rud is mó. D’éirigh linn. Tá áit ag an teanga sa tsochaí.’ Mar fhocal scor tugann Ó Snodaigh measúnú ar staid na Gaeilge i gCluainín Uí Ruairc le blianta beaga anuas:

Tá daoine tar éis an Ghaeilge a athfhoghlaim agus labhraíonn siad í liomsa thuas anseo. A lán daoine, go tobann, bhí sé acu agus thaitin sé leo ach ní raibh aon úsáid acu dó. Agus go tobann dúirt siad “raidht tá mé chun é sin a dhéanamh” agus tá sé déanta acu. Tá daoine tar éis an chéim sin a ghlacadh agus sin a dhéanann ruathar agus Gaelscolaíocht, cuidíonn sé le háit. Go tobann, bhí cáil amuigh ar an áit go raibh daoine le Gaeilge ann. Bhí duine amháin anseo as Conamara agus bhí sé ag rá “*jaysus*, tá níos mó Gaeilge le clos anseo ná mar atá ag an mbaile.”⁷²

CAIBIDIL 4:**TIONCHAR BHLIANTA NA DÉINE AR AN
NGAELSCOLAÍOCHTA SNA SÉ CHONTAE
FICHEAD 2008-2017**

BHÍ TIONCHAR OLLMHÓR ag an ngéarchéim gheilleagrach domhanda a luadh thuas ar fheidhmiú na n-eagraíochtaí Gaeilge i stát na Sé Chontae Fíchead agus ar an gcóras oideachais, an Ghaelscolaíocht agus an eagraíocht Gaelscoileanna lena chois siúd. Thart faoi 2009, níor chreid roinnt daoine i saol na Gaeilge an teachtaireacht a bhí ag teacht ón rialtas faoi na ciorruithe a bhí le teacht. Bhí Breandán Delap, iris-eoir le *Beo*, amhrasach faoi na ráitis a bhí á ndéanamh ag an Aire an Gnáthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, Fianna Fáil, faoi dhúnadh agus cónascadh na n-eagraíochtaí Gaeilge. ‘Níor mhór dáiríreacht an aire faoin moladh a cheistiú,’ a dúirt sé, ‘mura bhfuil oiread is comhad amháin laistigh dá roinn féin a phléann leis an ábhar seo.’ Chreid Delap go raibh seans ann nach raibh an polasaí ‘préamhaithe i ndianmhachnamh agus taighde... ach eitleog eile a tharraing an t-aire óna mhála agus a imeos le sruth in imeacht ama.’⁷³ Cé go bhféadfaí a mhaíomh go raibh ganntanas taighde ann, ní raibh aon ghanntanas dáiríreachta le sonrú. Eitleog a bhí ann ceart go leor, ach eitleog a ndéanfaí gníomh dá réir.

Ghlacfadh sé cúpla bliain ar na ciorruithe teacht i bhfeidhm. Bhí ardú tar éis teacht ar dheontas Gaelscoileanna ó Fhoras na Gaeilge idir 2009 agus 2010 ó €469,441 go €481,723. Bhí teacht isteach áirithe ó fhoinsí deonacha chomh maith. Mar shampla, in 2010 íocadh €11,841 i dtáill don chomhdháil bhliantúil agus d’íoc na baill €7,448 leis an eagraíocht. Caitheadh os cion 60% den ioncam iomlán ar thuarastail agus bhí costais eile amhail cíos, cothabháil don bhord stiúrtha, imeachtaí idir scoile, deontais chun cabhrú le bunú scoileanna, agus costais reatha oifige eile i dteannta an chaiteachais eile.⁷⁴ Ach faoi dheireadh na bliana 2009 ba léir do Delap go raibh An Bord Snip Nua ag cur brú ar an roinn na beartais a d’fhógair Ó Cuív a chur sa tsúil. Bhí miontuairiscí de chruinniú a tharla ar an 8 Aibreán 2009 idir feidhmeannaigh shinsearacha na Roinne Gnáthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus an

73 *Beo*, eagrán 93, Eanáir 2009.

74 Lámhleabhar Chomhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna 2011, 59.

Bord Snip léite ag Delap. Cheistigh Mary Walsh ón roinn ‘an gá a bhí leis na naoi gcinn déag d’eagraíochtaí Gaeilge a fhaigheann maoiniú ón bhForas.’ D’fhreagair an roinn go raibh féidearthacht, a aontaíodh ag cruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, ‘*for collapsing the number*.’⁷⁵ Faoi lár na bliana 2010, bhí sé soiléir go raibh athrú ó bhonn le teacht ar struchtúr maoinithe na n-eagraíochtaí deonacha, Gaelscoileanna san áireamh. Ón mbliain 2011 ar aghaidh bheadh ar na heagraíochtaí deonacha Gaeilge dul in iomaíocht le chéile agus cur isteach ar airgead ar bhonn tionscadail. Is é Foras na Gaeilge a roghnaíodh chun an próiseas nualíobrálach seo a stiúradh. Mar a dúirt Delap bhí ‘geisfhocal úr aimsithe acu—“cuíchóiriú.”’ Thuairiscigh Delap in *Beo* gur mhínigh Aire na Gaeltachta, Pat Carey, Fianna Fáil, gur faoi na heagrais Ghaeilge a bheadh sé as sin amach ‘cruth úr feidhmiúil a chur ar earnáil dheonach na Gaeilge.’⁷⁶

Ní mó ná sásta a bhí sciar de phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta leis an treo a raibh cúrsaí ag dul agus leis an mBord Snip Nua ach go háirithe. Tháinig leithéidí Ghuth na Gaeltachta chun cinn thart faoin ama seo, ach, mar a thuairiscigh *Gaelscéal* chuir Roinn na Gaeltachta ‘litir bhagarthach’ chuig duine de ghníomhaithe na heagraíochta, Dónall Ó Cnáimhsí, i samhradh na bliana 2012 chun an eagraíocht a chiúnú.⁷⁷ Tháinig an grúpa Misneach ar an bhfód thart faoin am céanna agus i gcomhthéacs chiorruithe an Bhoird Snip Nua chomh maith. Bhí sé mar aidhm ag an ngrúpa, a lainseáladh i mBaile Átha Cliath ar an 26 Mhárta 2013, dúshlán a thabhairt dóibh siúd ‘sa bhunaíocht pholaitiúil ar mian leo íslíú céime a chur i bhfeidhm ar an teanga.’⁷⁸

Bhí Oifig an Choimisinéara Teanga faoi stiúir Sheáin Uí Chuirreáin ag dul in adharca leis an stát an tráth seo chomh maith. Bhí Ó Cuirreáin tar éis dúshlán na Roinne Oideachais a tabhairt, go háirithe, trí luach na hinfheistíochta móire a rinneadh sa Ghaeilge— €500,000,000 in aghaidh na bliana—a cheistiú. Ba dhóigh le hÓ Cuirreáin nach raibh luach ar airgead á fháil ag an roinn as an infheistíocht sin de bhrí go raibh formhór na ndaltaí ag teacht as an gcóras gan líofacht cheart

75 *Beo*, eagrán 102, Deireadh Fómhair 2009.

76 *Beo*, eagrán 110, Meitheamh 2010.

77 *Gaelscéal*, an 18 Iúil 2012; an 30 Eanáir 2013.

78 *An Thuairisceoir*, an 25 Márta 2013.

sa teanga. Chruthaigh imscrúdú eile de chuid Oifig an Choimisinéara Teanga go raibh an Roinn Oideachais ag brú an Bhéarla ar na Gaelscoileanna agus na scoileanna Gaeltachta mar nach raibh formhór shiollabais na roinne le fáil i nGaeilge. Dúradh gur sháraigh sé seo foráil de chuid an Achta Oideachais (1998). Faoi scáth an chuíchóirithe, rinneadh iarracht i rith 2011 Oifig an Choimisinéara Teanga a nascadh le hOifig an tOmbudsman, rud a mbainfeadh de neamhspleáchas Oifig an Choimisinéara. Dhealaigh sé, mar a dúirt an t-iriseoir Breandán Delap, gur ‘beag deor’ a sileadh i Sráid Mhaoilbhríde mar gheall ar an gcinneadh Oifig an Choimisinéara a dhíchumhachtú.⁷⁹

I dtaobh na heagraíochta Gaelscoileanna de, ba léir go raibh buairt ann i measc na mball faoin méid a bhí beartaithe ag an rialtas. Bhí freagra measctha ón eagraíocht—glacadh le cuid de na beartais agus troideadh cinn eile. Ar cheann de na spriocanna a luadh le Tuairisc an Ardfheidhmeannaigh, Bláthnaid Ní Ghréacháin, i Meitheamh na bliana 2011 bhí ‘feachtas i gcoinne deireadh le cóimheas múinteoirí le daltaí do Ghaelscoileanna.’⁸⁰ I dtaobh an chuíchóirithe trí chéile, áfach, thacaigh Bord Stiúrtha Gaelscoileanna leis an tSamhail Nua Maoinithe, mar a glaoth ar an bplean, ó 2010 ar aghaidh. Cuireadh rún faoi bhráid na comhdhála bliantúila a dúirt go raibh an bord ar son ‘aon athstruchtúrú ar an earnáil dheonach a bheadh chun leasa d’earnáil na Gaeilge trí chéile agus earnáil na Gaelscolaíochta, go háirithe.’ Mar sin féin, cé go raibh tacaíocht ann don chuíchóiriú, luadh gur theastaigh ó Ghaelscoileanna ‘croímhaoiniú’ agus ‘todhchaí seasmhachta inmharthanaí’ a chinntiú don eagraíocht.⁸¹ Bhí imní ann, go háirithe, faoi struchtúr maoinithe Foras na Gaeilge a bhí bunaithe ar scéimeanna, rud a d’fhágfadh Gaelscoileanna in amhras gach cúpla bliain ‘an mbeadh maoiniú ar fáil nó nach mbeadh.’⁸² D’fháiltigh Gaelscoileanna leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, a bhí á seoladh i gcomhthéacs na gciorrúithe, chomh maith, cé go raibh amhras ann faoi chur i bhfeidhm agus acmhainní chun na spriocanna a bhain leis an nGaeloideachas ann a chur

79 *Beo*, eagrán 128, Nollaig 2011.

80 Tuairisc an Ardfheidhmeannaigh, an 18 Meitheamh 2011.

81 Lámhleabhar Chomhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna 2010, 19.

82 Aighneacht Gaelscoileanna Teo, chuig Foras na Gaeilge maidir leis an tSamhail Nua Maoinithe (páipéir phríobháideacha Chathail Uí Luain) 2011, 2.

i gcrích.⁸³ Bhí tionchar ag an gcuíchóiriú ar roinnt gnéithe tábhachtacha d'fheidhmiú na heagraíochta agus na gluaiseachta trí chéile.

Sula raibh aon chaint ar an tSamhail Nua Mhaoinithe bhí plé ar bun idir Gaelscoileanna agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta ar cheist an chónascaithe. Deir iar-Uachtarán Gaeloideachas ó 2020-2022, Seán Ó hArgáin, go raibh múinteoirí na nGaelscoileanna 'an-dearfach ar fad mar gheall ar an nascadh.' Ar an taobh eile den scéal, ar sé, 'bhí an-drogall ar mhuintir na Gaeltachta mar cheapadar go mbeidís ag cailliúint féin-aitheantais mar scoileanna a bhí difriúil ó Ghaelscoileanna.⁸⁴ Dá ainneoin sin is cosúil go raibh dul chun cinn á dhéanamh sa phróiseas. Ach, mar a mhíníonn Cathnía Ó Muircheartaigh, Uachtarán Gaeloideachas ó 2014 go 2016, 'tháinig stop leis sin' nuair a beartaíodh ar an tSamhail Nua Mhaoinithe a chur i bhfeidhm.⁸⁵ I bplécháipéis ar an gceist Gaelscoileanna a chónascadh le Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta a cuireadh faoi bhráid Gaelscoileanna an tráth seo ba léir gur glacadh leis an loic nualíobrálach. Faoin teideal 'Luach ar Airgead' dúradh go gcaitheadh an eagraíocht 'na hacmhainní tearca a úsáid le húsáid na Gaeilge a mhéadú' agus luadh go raibh 'lánchead d'eagraíochtaí maoiniú a lorg ó fhoinsí eile maoinithe, ionas nach gá brath ar mhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge amháin.⁸⁶ Chun an bhuairt dhlisteranach a bhí ar mhuintir na Gaeltachta a shuaimhniú rinneadh leasú ar an mbunreacht agus, mar a mhíníonn Ní Ghréacháin, cinntíodh 'cothromaíocht do mhuintir na Gaeltachta.' Ach bhí praghas le híoc as an bpróiseas mar a mhíníonn Ní Ghréacháin; 'bhí Roinn na Gaeltachta sásta go mbeadh comhtháthú ann ach ní raibh an maoiniú chun leanúint.' Chuaigh Ní Ghréacháin ar ais chuig Foras na Gaeilge ag lorg maoinithe agus fuarthas maoiniú do bheirt oifigigh Ghaeltachta agus oifig sa Ghaeltacht. Ar an iomlán, áfach, an toradh a bhí ar an gcónascadh ná go ndeachaigh an eagraíocht nua cónasctha, Gaeloideachas, ó 4.5 post go naoi bpost, ach 'istigh de ba naoi bpost ansin bhí na naíonraí agus an Ghaeltacht.⁸⁷

83 Lámhleabhar Chomhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna 2010, 17.

84 Ó hArgáin 2023.

85 Agallamh.

86 Plécháipéis 2, 35.

87 Agallamh.

Go deimhin, bhí Forbairt Naíonraí Teoranta (FNT) mar chuid de na naoi n-eagraíocht déag a bhí in iomaíocht le chéile faoin tSamhail Nua Mhaoinithe. Níor roghnaíodh an FNT mar cheanneagraíocht agus dá bharr sin stopadh ar é a mhaoiniú. Bronnadh réimse na naíonraí ar Ghaeloideachas. Sular stopadh an maoiniú is ó Phobal a bhí sé ag teacht, ach níor aistríodh an t-airgead céanna go Gaeloideachas agus mar sin bhí earnáil sna naíonraí thíos leis.⁸⁸ Ar ball, in 2016 ach go háirithe, ghlac Gaeloideachas roinnt cúraimí a bhain leis na naíonraí orthu féin, mar a luann iar-Uachtarán na heagraíochta ó 2016–2017, Yvonne Ní Mhurchú: ‘tháinig méadú suntasach ar rannpháirtíocht na naíonraí in obair Gaeloideachas i rith na bliana. Ghlac a lán naíonraí páirt sa scéim Le Chéile Trí Ghaeilge trí imeachtaí trí mheán na Gaeilge a reáchtáil i gcomhpháirt le naíonraí eile. Tionóladh comhdháil lae do na naíonraí agus cuireadh lámhleabhar ar an tumoideachas sa naíonra ar fáil. Lean Gaeloideachas ag stocaireacht ag leibhéal náisiúnta ar son aitheantais agus tacaíocht chuí do na naíonraí.’⁸⁹ Mar sin féin, mar a deir Ní Ghréacháin, luíonn sé le ciall go mbeadh an t-aon eagraíocht amháin ag freastal ar na trí réimse—na naíonraí, na scoileanna Gaeltachta agus na Gaelscoileanna/Gaelcholáistí—ach an fhadhb a bhí ann ná nár lean an maoiniú ar aghaidh. Sa mhullach air sin, is ról abhcóideachta atá ag Gaeloideachas seachas seirbhís tacaíochta mar a bhí in FNT. Níl na hoifigigh ann do na naíonraí a thuilleadh agus ‘is easnamh an-mhór é sin.’ Tá na naíonraí san earnáil phríobháideach agus, arsa Ní Ghréacháin agus í ag trácht ar an lá atá inniu ann, ‘tá go leor oibre le déanamh chun struchtúr éigin a chur fúthu.’⁹⁰

Bhí próiseas an chuíchóirithe fós ag dul ar aghaidh in 2013 nuair a reáchtáil Bord Stiúrtha Gaelscoileanna cruinniú in Óstán Louis Fitzgerald i mBaile Átha Cliath. Léiríonn miontuairiscí an chruinnithe úd go raibh ‘an-imní’ ar Ní Ghréacháin mar gheall ar chur chuige ‘míshláintiúil’ an Fhorais agus é ag plé le Gaeloideachas.⁹¹ Ach faoin mbliain dár gcionn, 2014, bhí Gaelscoileanna roghnaithe mar cheann de na sé cheanneagraíocht. Mar a léirigh tuairisc Ní Ghréacháin ag an am,

88 Agallamh le Ní Ghréacháin.

89 Sliocht le Yvonne Ní Mhurchú 2023.

90 Agallamh.

91 Cruinniú de Bhord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo, an 10 Deireadh Fómhair 2013.

d'éirigh an cinneadh 'as próiseas cuíchóirithe atá ar siúl ó 2006, le lear mór ceistneoirí, cruinnithe agus aighneachtaí ó shin.⁹² Ag breathnú siar air, is cuimhin le Ní Ghréacháin go raibh an próiseas 'ar an bpróiseas ba mhí-éifeachtaí riamh' agus gur tréimhse 'thar a bheith achranach' a bhí sna blianta sin.⁹³

Cuid lárnach eile de pholasaí cuíchóirithe stát na Sé Chontae Fíchead ag an am ná an moratóir a cuireadh ar thógáil scoileanna nua, Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí san áireamh. Deir iar-Uachtarán Gaelscoileanna, Mícheál Ó Broin, go lom gur 'cuireadh bac ar fhás na Gaelscolaíochta' idir 2009-2012. Nuair a tháinig Batt O'Keefe, Fianna Fáil, isteach mar aire oideachais 'ceann de na chéad rudaí a rinne sé ná gur shocraigh sé le stad a chur le fás na nGaelscoileanna.⁹⁴ Admhaíodh an méid seo sa Straitéis 20 Bliain don Ghacílge 2010-2030 nuair a dúradh go raibh 'ar an Roinn Oideachais agus Scileanna glacadh le straitéis eatraimhach faoina gceadaítear bunscóileanna nua a bhunú chun freastal a dhéanamh ar fhás déimeagrafach agus sin amháin, chun go mbainfí amach an tosaíocht fhoriomlán go mbeidh áit scoile ar fáil do gach leanbh.⁹⁵ Tugann Ó Broin léargas ar an tionchar a bhí ag na hathruithe seo ar earnáil na Gaelscolaíochta:

An nós a bhí ann ná go bhféadfadh coiste bunaithe teacht le chéile agus seachtar déag is dóigh liom a bhí mar íosmhéid páistí chun scoil a oscailt. Agus ansin bhí an fhadhb chóiríochta ag a lán scoileanna, so ní raibh an roinn in ann coinneáil suas—sin an leithscéal a bhí acu anyway, go raibh an oiread sin scoileanna dhá mbunú nach raibh an t-airgead acu chun cóiríocht bhuan a thabhairt do gach aon cheann acu. Chuir Batt O'Keefe déireadh leis an nós sin agus, moratorium is dócha go nglaofá air, nach mbeadh aon scoileanna nua bunaithe go dtí go dtiocfaidh córas nua i gceist... an Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna an coiste, nó an quango, a bunaíodh chun é sin a dhéanamh. Tá an bealach ina mbunaítear scoileanna nua anois an-difriúil ó fhiche bliain ó shin.⁹⁶

Toradh eile air seo, arsa Dónal Ó hAiniféin, iar-Uachtarán eile Gaelscoileanna, ná gur mhoilligh 'bainistiú' Choimisiún na Cóiríochta

92 Tuairisc an Ardfeidhmeannaigh, 25 Eanáir 2014.

93 Agallamh.

94 Agallamh le hÓ Broin.

95 Straitéis 20 Bliain, 20.

96 Ó Broin 2022.

Scoileanna ‘an paisean’ a bhí sa ghluaiseacht.⁹⁷ Mar a deir Ó Muircheartaigh, ‘bhí an-chuid forbartha ar feadh blianta áirithe, agus ansin ní raibh.’⁹⁸

Is é a tharla de bharr an mhoratóra ar an talamh ná gur diúltaíodh aitheantas do Ghaelscoileanna, beag beann ar an gcruthúnas ar éileamh a rinneadh. D’fhógair an Roinn Oideachas i mí na Nollaig 2010, lá amháin roimh don rialtas an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030 a lainseáil, nach mbeidís ag tabhairt aitheantas do Ghaelscoil Ráth Tó. I litir a seoladh amach scríobhadh an méid seo; ‘nótáil led thoil nach bhfuil gá ar bith sainaitheanta ag an roinn le fairsingiú suntasach ná le scoil nua i Ráth Tó, Co. na Mí.’ Rinneadh an cinneadh diúltú aitheantas a thabhairt don scoil don bhliain 2010/2011 agus 2011/2012 ainneoin an roinn féin a aithint, tríd an Rannóg Pleanála Chun Cinn acu, go raibh éileamh ann do bhunscoileanna nua ar an mbaile.⁹⁹ Is cuimhin le hÓ Broin go raibh daoine ‘an-chrosta’ faoi dhiúltú Ráth Tó. Thastil seisean agus roinnt den Fhoras Pátrúnachta suas go cruinnithe do fheachtas.¹⁰⁰ Bunaíodh an grúpa Aitheantas (Glór na nGael, Conradh na Gaeilge, An Foras Pátrúnachta agus Comhluadar) chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo. Áitíodh gur sháraigh an cinneadh a rinneadh i Ráth Tó cearta na dtuismitheoirí agus na bpáistí. Ach, sa mhullach air sin, ba é ‘buairet Aitheantas ná go mbeidh deireadh ré roimh an nGaelscolaíocht, mar earnáil oideachais atá ag fás, muna mbuaitear Cath Ráth Tó.’¹⁰¹ Ritheadh rún ag comhdháil bhliantúil Gaelscoileanna in 2010 a rinneadh cáineadh ar ‘cinneadh na Roinne Oideachais agus Scileanna gan aitheantas a thabhairt do Choiste Bunaithe Ghaelscoil Ráth Tó, in ainneoin éileamh an-mhór cruthaithe don Ghaelscoil.’¹⁰² Chur daoine agus grúpaí in Éirinn, sa Bhreatain, i gCeanada agus san Astráil a lámha ina bpócaí ar mhaithe le Gaelscoil Ráth Tó.¹⁰³ An bhliain dár gcionn, 2012, tugadh cead do Ghaelscoil

97 Agallamh.

98 Ó Muircheartaigh 2022.

99 *Beo*, eagrán 117, Eanáir 2011.

100 Agallamh.

101 *Beo*, eagrán 117, Eanáir 2011.

102 Lámhleabhar Chomhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna 2010, 17.

103 *Beo*, eagrán 117, Eanáir 2011.

na Mí, mar a glaoth air ar deireadh, oscailt i Ráth Tó.¹⁰⁴ Ach léiríonn fianaise ó thuismitheoir amháin, ‘Proinsias’ agus é ag scríobh in 2011, i mbruachbhailte Chathair Bhaile Átha Cliath, an tionchar a bhí ag an moratóir ar shíolta Gaelscoileanna eile; ‘*there were plans to open a Gaelscoil in Crumlin, Gaelscoil Oisín. It was supposed to open in 2009 and a site was secured but unfortunately a decision was made by the then Minister for Education Batt [O’Keefe] not to fund any new schools so it never got off the ground. It’s desperately disappointing given the level of interest in the area.*’¹⁰⁵ Tá Cromghlinn agus an ceantar máguaird fós gan Ghaelscoil agus is dócha go bhfuil codanna eile den stát ar an gcaoi chéanna de bharr chinneadh O’Keefe.

Ré eile i mblianta na déine a bhí in aireacht Ruairí Quinn, Páirtí an Lucht Oibre, a tháinig i gcomharbas ar O’Keefe in 2011. Bhunaigh Quinn an Fóram Pátrúnachta agus Iolrachais inár mBunscoileanna in Aibreán na bliana 2011. Mhol tuairisc de chuid an fhórait gur chóir 50 scoil a dhíshealbhú ón Eaglais Chaitliceach.¹⁰⁶ Ach an t-athrú ba mhó ná nuair a chinn Quinn ar an gcóras aitheantais do scoileanna nua a leasú. Dúradh go dtabharfaí san áireamh, ‘*parental demand for plurality and diversity of patronage.*’¹⁰⁷ I ndáiríre, cuireadh leithéidí Gaelscoileanna agus Ag Foghlaim le Chéile in iomaíocht le chéile. D’fháiltigh comhdháil bhliantúil Gaeloideachas in 2013 leis an bpróiseas aitheantais nua do bhunscoileanna, mar go raibh ‘sainmheon na Gaeilge aitheanta mar chroíchritéar.’ Mar sin féin, bhí an chomhdháil airdeallach go gcaomhnófaí an critéar sin ‘beag beann ar sholáthar scolaíochta trí mheán an Bhéarla’ i gceantar ar leith, agus nach bhfágfaí tuismitheoirí ‘i gceantar nach bhfuil aitheanta ag an roinn’ in áit na leathphingine i dtaobh a gceart Gaelscolaíochta.¹⁰⁸ Ach b’in an rud a tharla, fágadh tuismitheoirí ar theastaigh uathu go rachadh a bpáistí chun na Gaelscoile ar an trá fholamh. Mar a mhíníonn Rossa Ó Snodaigh:

An rud a bhí ann linne, dúirt siad seacht bpáiste dhéag nach ndeachaigh chuig an scoil cheana chun cead a fháil oscailt. Mar sin, má tá na seacht n-ainm déag agat, tá leat. Ansan d’athraigh siad an riail, dúirt siad is ó thaoibh daonra a bheas scoileanna ag oscailt feasta. Ní bheidh trí scoil in áit gur

104 Agallamh le hÓ Broin.

105 *Boards.ie*, an 18 Feabhra 2011.

106 *Irish Examiner*, 21 Nollaig 2015.

107 Merrion Street, an 27 Meitheamh 2011.

108 Lámhleabhar Chomhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna 2013, 9.

féidir le scoil amháin freastal air. Ach i ndáiríre, séard a bhí siad a rá ná go raibh siad chun na scoileanna ilchreidmheacha a bhunú chun an chléir a bhaint as na scoileanna. B’in Ruairí Quinn a bhí ag triail sin a dhéanamh. Bhí siadsan ag rá “tá daoine ag teacht isteach ó fud fad an domhain, ní féidir linn a rá gur Caitlicigh iad.”¹⁰⁹

Cás eile inar tugadh tús áite don ilchreidmheachas trí mheán an Bhéarla thar an nGaelscolaíocht ná i gCarraig a Lín, áit a raibh 700 páiste ann cheana agus liosta feithimh fada do Ghaelscoil. Mar a deir Adrian Breathnach; ‘bhí géarghá Gaelscoil nua a thosnú ann. Agus dúirt an roinn “*well you have one Gaelscoil, that’s enough, we’ll give it to Educate Together.*” Ní raibh an t-éileamh ann do Ag Foghlaim le Chéile. Bhí Ag Foghlaim le Chéile ann cheana féin. Mar sin tá dhá Ag Foghlaim le Chéile i gCarraig a’ Lín agus níl ach Gaelscoil amháin. Scannalach. Taispeánann sé sin meon na roinne arís—na státseirbhísigh a dhéanann na cinntí seo.”¹¹⁰ Níor tugadh cúrsaí teanga san áireamh sa chóras seo. I go leor de na cathracha agus ceantair uirbeacha tá ró-éileamh ar an nGaelscolaíocht. Roinnt blianta ó shin bhí 22% de na Gaelscoileanna agus 29% de na Gaelcholáistí agus ró-éileamh orthu. Ach, mar a luann Ní Ghréacháin, b’ionann gach scoil i ndearcadh na roinne; ‘bhuel abraimis má thógann muid Baile Átha Cliath 9 agus tá ró-éileamh ar an nGaelscoil. Breathnaíonn [an roinn] ar an déimeagrafaíocht sa cheantar agus deir siad “*well actually in St Mary’s síos an bóthar tá spás le haghaidh deichniúr páistí ansin.*” Tá siadsan ag breathnú ar cé mhéad spás atá sna scoileanna seachas cá bhfuil an páiste ag iarraidh dul, cad é an rogha oideachais atá ón bpáiste sin?”¹¹¹ “Tá fadhb agamsa go pearsanta leis an gcóras sin,” arsa Ó Broin, ‘mar ní dóigh liom go dtugann sé aitheantas láidir go leor don Ghaelscolaíocht.’ Anuas air sin, tá ‘an líne atá le baint amach ag an bpobal chun Gaelscoil a bhunú chomh hard céanna le líne atá ann ó thaobh scoil Ag Foghlaim le Chéile nó [scoil] pobail áitiúil, cé go bhfuil an daonra ó thaobh na Gaeilge de níos lú.”¹¹²

Tháinig earnáil na Gaelscolaíochta faoi thuilleadh straidhne de bharr athrú polasaí iontrála a bheartaigh Quinn le linn na mblianta

109 Ó Snodaigh 2023.

110 Breathnach 2022.

111 Ní Ghréacháin 2022.

112 Agallamh le hÓ Broin.

seo. Bhí Gaelscoileanna ag tabhairt tús áite do leanaí ó theaghlaigh a raibh an Ghaeilge á labhairt sa bhaile acu, mar a léiríonn polasaithe iontrála na scoileanna féin.¹¹³ I gcaitheamh na bliana 2013 d'fhógair Quinn go mbeadh deireadh á chur leis an riail iontrála a thug tosaíocht sa Ghaeloideachas do pháistí a bhí á dtógáil le Gaeilge. 'Ní bheidh de thoradh ar an riail sheafóideach seo,' a d'áitigh Breandán Delap, 'ach creimeadh ar chaighdeán na Gaeilge i nGaelscoileanna agus i nGaelcholáistí [an stáit].'¹¹⁴ Mar fhreagra ar an gcinneadh chuir Gaelscoileanna feachtas litreacha ar bun chun dul i bhfeidhm ar Quinn. Dúradh i nuachtlitir na heagraíocht i samhradh na bliana céanna gur chóir go mbeadh 'an rogha ag scoileanna an sainmheon teanga a chosaint tríd an bpróiseas iontrála, más cuí do chúinsí na scoile agus pobal na scoile.'¹¹⁵ Ach cumhdaíodh rialacha iontrála Quinn ar ball sa Bhille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016.¹¹⁶

Tháinig ceist seo an chúchóirithe go cnámh na huillinne in 2014 nuair a d'eagraigh Conradh na Gaeilge Lá Mór na Gaeilge. Bhí feachtas ar bun ag an gConradh in éadan na gciorroithe ar feadh roinnt blianta, ach tháinig dlús leis nuair a d'fhógair an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, go raibh sé ag éirí as a phost. Mar a míníodh i ráiteas de chuid an Chonartha ba i ngeall ar 'easpa tacaíochta an rialtais ó dheas do chearta teanga phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge' a ghlac Ó Cuirreáin a sheasamh.¹¹⁷ Rinne Gaelscoileanna aonaracha a ndícheall a bpobail scoile a ghriósadh chun freastal ar an agóid.¹¹⁸ Tuairiscíodh i gcuid de na meáin Bhéarla gur tháinig 5,000 duine i láthair ar an lá.¹¹⁹ Eagraíodh agóid i gConamara ina dhiaidh sin. Chreid an gníomhaí Gaeltachta, Donncha Ó hÉallaithe, a bhí ar dhuine de na daoine a bhí lárnach in eagrú an mhórshiúil úd, go raibh 'ré nua agóidíochta tosaíthe i measc lucht na Gaeilge agus... creathadh bainte as an rialtas.' Bhí cúig éileamh ag lucht eagraíocht an mhórshiúil an lá sin a bhain leis an nGaeltacht. Bhain formhór na n-éileamh le cúrsaí sóisialta na Gael-

113 Polasaí Iontrála Scoil Chrónáin 2011-2012, 3.

114 *Beo*, eagrán 146, Meitheamh 2013.

115 Nuachtlitir 2013, 1.

116 *Tuairisc.ie*, 4 Aibreán 2018.

117 Chonradh na Gaeilge, Cartlann Feachtas.

118 Suíomh Ghaelscoil Uí Earcáin, an 31 Eanáir 2014.

119 *Irish Examiner*, an 15 Feabhra 2014.

tachta: leasú nó athghairm a dhéanamh ar Acht na Gaeltachta; bonn daonlathach a chur faoi Údarás na Gaeltachta; nuachtán seachtainiúil clóite do phobal na Gaeltachta, agus seirbhísí stáit i nGaeilge do lucht na Gaeltachta. Ach, i dtéarmaí an oideachais, éilíodh arís an t-éileamh a bhí ag Guth na Gaeltachta ó bunaíodh é—sé sin go mbunófaí ‘bord oideachais speisialta... le déileáil le gach gné den oideachas sna ceantair Ghaeltachta.’¹²⁰

120 *Beo*, eagrán 155, Márta 2014.

CAIBIDIL 5:

**GAELSCOIL NA gCRANN, 2006—‘IT WAS
DOOR-KNOCKING ON EVERY HOUSE FROM HERE TO
OMAGH’**

FEIRMEOIR DÉIRÍOCHTA IS EA BRIAN McKENNA ar as ceantar tuaithe lasmuigh den Ómaigh i gCo. Thír Eoghain dó. Cé nach bhfuil sé líofa sa Ghaeilge, agus nach raibh an t-am aige í a fhoghlaim de bharr a chuid dualgas ar an bhfeirm, deir sé go raibh sé tiomanta ar a son agus meas aige ar an teanga i gcónaí. Bhí lámh lárnach aige i mbunú Gaelscoil na gCrann in 2006—Gaelscoil a ainmníodh as na crainn dhúchasa-cha a mbíodh dúil ag McKenna a phlandáil sa cheantar. Cuireadh síolta Gaelscoil na gCrann thiar in 1986 nuair a bunaíodh an t-ionad cultúrtha Dún Uladh, atá go fóill i bhfoisceacht scread asail den scoil. Nuair a thosaigh McKenna ag radadh choincheap na Gaelscolaíochta thart ar dtús sa bhliain 2002 bhí duine nó beirt ann a raibh amhras orthu agus a chreid gur chóir dó fiacha Dhún Uladh a ghlanadh seachas am a chur amú ag plé leis an tumoideachas. D’oibrigh duine de bhunaitheoirí eile na Gaelscoile, Julie Gallagher, i nDún Uladh an tráth sin. *‘Without her I don’t think I’d be sitting here. She joined around 2002 and she’s never taken her eye off the ball since. It took about fifteen years to get us to the drawing board here,’* arsa McKenna agus é ag trácht ar fhoirgneamh nua na scoile a osclaíodh le gairid agus muid ag caint ann i samhradh na bliana 2020.¹²¹

Thosaigh an ghníomhaíocht ar son Gaelscoil na gCrann i ndiaidh Chomhaontú Aoine an Chéasta. D’fhorbair tuiscint níos fearr idir McKenna agus Roinn Oideachais na Sé Chontae thart faoi 2002. Agus nuair a tháinig Comhairle na Gaelscolaíochta isteach sa scéal, agus labhair McKenna le Pilib Ó Ruanaí, éascaíodh an próiseas. Osclaíodh naíscoil in 2002 agus an bhliain chéanna chuir an coiste bunaithe fógra mór isteach sa pháipéar, a chosain £50, go raibh Dún Uladh ag iarraidh Gaelscoil a bhunú. Eagraíodh cruinniú poiblí i mBealtaine 2002 agus is cuimhin le McKenna go bhfuarthas an-tacaíocht ó lucht na Gaelscolaíochta ar an Srath Bán; *‘they landed here in Dún Uladh one night.’* Faoi mhí Iúil bhí éirithe leo dhá aonad shoghluaiste a fháil don scoil ach, mar a mhíníonn McKenna, *‘they were just sticking together. They would’ve been*

121 Agallamh.

held better together by chewing gum.’ De dheasca droch-chaoi na n-aonad b’éigean do pháistí an naionra dul isteach i bhfoirgneamh Dhún Uladh ar feadh tréimhse. Constaic mhór ag an am ná líon beag na bpáistí a bhí cláraithe don Ghaelscoil agus diúltú na roinne aitheantas a thabhairt mar nach raibh siad cinnte go n-éireodh leis an tionscadal. D’oscail an náiscoil go hoifigiúil i Meán Fómhair 2003 ach níor éirigh leo an bhunscoil a oscailt go dtí 2006 i ndiaidh roinnt blianta crua feachtasaíochta. Is cuimhin le McKenna lá amháin go háirithe:

We met here on a very cold, wet Saturday morning. It was lashing rain... The Comhairle people sent down two representatives from Belfast and we gathered up in that yard down there and we were going out on a door-to-door. We walked round that town... that was November, we were anxious. We knew it was coming down the tracks, eight months away... We hadn’t the numbers... The very first day we went into the náiscoil we had three or four children turned up and I think two of them had to go back home, they were crying, they were completely lost... At the end of that week thirteen children turned up. It was door-knocking on every house from here to Omagh... the best part of 700 or 800 houses.¹²²

Mar is iondúil, bhí freasúra áirithe agus neamhshuim i measc cuid den phobal agus na hinstiúidí seanbhunaithe. Bhí ceithre bhunscoil ar an Ómaigh cheana, dhá cheann lasmuigh di, agus dhá cheann eile níos faide amach. Scoileanna maithe iad an dá scoil ba ghaire chomh maith arsa McKenna, ‘*and I was there [wanting to] put [Gaelscoil na gCrann] right slap bang in the middle and people were scratching their heads “has this man lost it,” and I says “no.” I had to try and keep my positivity.*’ Ní hé gur tháinig príomhoidí an dá scoil amach ina choinne ach, áitíonn McKenna, chreid siad go dteipadh orthu an Ghaelscoil a bhunú. Ba é an Eaglais Chaitliceach a bhí níos mó buartha orthu faoin nGaelscoil a bhí le oscailt. Mar a áitíonn McKenna; ‘*they were a wee bit afraid that they were gonna lose control... I’m sure we poached at that time about twelve or fifteen children from Gortin. But getting them ten or twelve miles on the road to here every day was another idea. So we got a bus... It was challenging. But we kept our spirits up with the camaraderie of the parents.*’ Chuir an t-aighneas a bhí á chruthú leis an Eaglais buairt ar McKenna féin agus chuaigh sé ar cuairt chuig an sagart paróiste mar gur chreid sé go raibh dualgas de shórt air sin a dhéanamh. Maíonn McKenna nach raibh sé faoi thionchar na hEaglaise ach ba é an straitéis ab fhearr ná a bheith ionraic leis an sagart chun teannas a sheachaint. Bhí iontas air, áfach, gur chaith an sagairt leis ar nós

122 Agallamh.

cuma liom. *'And he was a Mayo man! Born and reared in Mayo... Maynooth educated and ordained... I got a wee bit of a shrug of shoulders.'*¹²³ B'amlaidh an scéal leis an dá príomhpháirtí náisiúnacha, arsa McKenna. Bhí an SDLP agus Sinn Féin *'hopeless for what I wanted to do,'* and níor tugadh *'moral support, financial support and community support, pobal support'* ar bith. Measann McKenna nár ghlac na polaiteoirí go dáiríre leis an tionscadal agus go raibh siad ag tochras ar a gceirtlín féin; *'this boy had landed in out in the wilds of farming and come into this town and this office and thinks he's gonna start an Irish-medium school and it was just gonna fall like snow off a hedge. It will disappear, fold up...'* Mar sin féin, molann sé Martin McGuinness. Labhair Gallagher le McGuinness ar dtús báire agus chuaigh McKenna chun cainte leis ina dhiaidh sin agus, mar a deir sé, *'he was very different from the local people who didn't give a damn.'*¹²⁴

Thosaigh príomhoide reatha na scoile Deirdre Nic Cionnaith ag obair in nGaelscoil na gCrann in 2009. 'Nuair a tháinig mé anseo bhí thart faoi caoga páiste ann,' ar sí. 'Bhí cuid mhór rudaí le déanamh sa scoil, ach bhí na gobharnóirí millteanach maith, bhí foireann mhaith ann agus de réir a chéile thóg muid foireann níos láidre bliain i ndiaidh bliana. Agus nuair a amharcann muid air inniu tá thart ar 200 páiste ag freastal ar Ghaelscoil na gCrann.' Tá abhantrach mhór ag an scoil agus tagann daltaí ó mhórcheantar na hÓmaí. Luann Nic Cionnaith an tacaíocht mhaoinithe a thug Iontaobhas na Gaelscolaíochta síos na blianta, go háirithe nuair a bhí siad sna botháin ar dtús:

Tugann Iontaobhas na Gaelscolaíochta tacaíocht do na daoine chun tús a chur leis an náiscolaíocht nó an Ghaelscolaíocht nó cibé rud, go dtí go bhfuil na huimhreacha ag leibhéal ar leith. Má éiríonn leo airgead a fháil ón Roinn Oideachais bíonn an roinn ag íoc as na múinteoirí agus gach rud. Ach tá tIontaobhas ann go fóill mar gheall ar na botháin agus na seomraí, *accommodation fund* atá ann.

Tá an scoil anois oscailte do gach dalta arsa Nic Cionnaith. 'Ní scoil Chaitliceach muid,' ar sí, 'mar má chuireann muid creideamh ar bith ar an scoil ciallaíonn sé sin go bhfuil an Ghaeilge don taobh amháin, agus mar gheall go bhfuil an Ghaeilge agus an córas anseo in úsáid mar *political ball* anseo tá muid *multidenominational* agus tá muid oscailte d'achan duine. Tá páistí sa scoil nach bhfuil creideamh ar bith acu, tá páistí eile

123 Agallamh.

124 Agallamh le McKenna.

a bhí linne a tháinig ó chreidimh eile.’ Pléann an scoil leis an Údarás Oideachais mar gheall ar pholasaithe, cosaint páistí, árachas, fostaíocht, cúntóirí ranga agus riachtanais speisialta. An bhfuil siad éasca plé leo? ‘An chuid is mó den am,’ arsa Nic Cionnaith, ‘tháinig feabhas air thar na mblianta. Ag an fhíorthús bhí sé deacair mar an freagra a bhí ann ná “ní bhaineann sibh linn,” *but* anois mar gheall go bhfuil rudaí ag bogadh agus ag forbairt tá baint againn leo agus nuair a thógann tú an guthán labhraíonn siad leat anois.’ Tagraíonn Nic Cionnaith don bhuntáiste atá ag an nGaelscoil anois ó bhog siad isteach san fhoirgneamh nua, ach deir sí go bhfuil neart oibre le déanamh go fóill. Fuair sí na heochracha don scoil nua i mí Iúil 2020 i lár na paidéime.¹²⁵ D’oscail Aire Oideachais na Sé Chontae, Michelle McIlveen, DUP, Gaelscoil na gCrann ar an 12 Deireadh Fómhair 2022. Luach £3.85 milliún atá ar an bhfoirgneamh agus tá seacht seomra ranga agus naíonra ann.¹²⁶

125 Agallamh.

126 *Belfast Telegraph*, an 12 Deireadh Fómhair 2022.

CAIBIDIL 6: NA SÉ CHONTAE, 2008-2023

D'FHOILSIGH AN ROINN OIDEACHAIS sna Sé Chontae, faoi stiúir Chaitríona Ruane, athbhreithniú ar earnáil na Gaelscolaíochta sa stát in 2008. Tháinig neart moltaí as an athbhreithniú a chuimsigh réimsí na bainistíochta, an mhaoinithe, polasaí, cúrsaí sainriachtanas, agus oiliúna múinteoirí. Ceann de na nithe ba shuimiúla ná gur moladh go mbeadh rochtain níos fairsinge ag an bpobal ar an nGaelscolaíocht. *'Outreach to those not currently accessing Irish-medium Education should be taken forward through a staged approach,'* a dúradh, *'reflecting shared linguistic heritage across these islands, on an east-west and an all-Ireland basis.'* Leagadh béim, go háirithe, ar *'the affinity of Irish with Scottish Gaelic should be emphasised, exemplified and employed as a motivation for the further development of the Irish language across communities.'*¹²⁷ Tugadh suntas don drochbhail a bhí ar chóiríocht cuid mhaith de na Gaelscoileanna chomh maith.¹²⁸ Mar chuid den athbhreithniú thug an comhlacht Deloitte cuntas ar an gcaiteachas ar an nGaelscolaíocht. I dtréimhse cúig bliana chaith an Roinn Oideachais £42.7 milliúin ar Ghaelscoileanna. Thuairiscigh Deloitte *'that £41.0 of this £42.7m spent in schools (96%) would have been allocated to educate these children had they been taught through the medium of English,'* agus dá bharr sin agus nithe eile a bhain leis an mbuiséad, *'the level of identifiable additional expenditure on Irish-medium Education is a very small proportion of the total spend on education.'* Níor caithheadh ach £8.7 milliúin ar an nGaelscolaíocht ann féin idir 2002-2007.¹²⁹

Tugann Dónaill Ó Baoill, a chaith tréimhse ag léachtóireacht sa Ghaeilge in Ollscoil na Ríona, léargas ar stát na Sé Chontae mar a bhain sé leis an nGaeilge agus an Ghaelscolaíocht an tráth seo. Cuireadh fios air chun saineolas a thabhairt ar chóras aistriúcháin agus córas tacaíochta don Ghaelscolaíocht agus bhuail sé le daoine éagsúla sa státchóras ann. 'Is minic a bhí mé istigh in Stormont,' ar sé, 'bhí na státseirbhísigh, bhí meon oscailte acu. Mar an rud a bhí siad a rá "tá an obair seo ag teacht chugainne agus ba mhaith linn a bheith ábalta déileáil leis... Níl meon amháin againn faoi rud. Caithfidh an meon sin

127 Review 2008, 102.

128 *Ibid.*, xv.

129 *Ibid.*, 29-31.

imeacht. Is státseirbhísigh muid agus b'fhearr linn go mbeadh an rud sin againn"... Chuir sin iontas orainn.' Bhí Ó Baoill ar go leor coistí mar gheall ar an obair chéanna. Bhí cúrsaí go breá 'taobh amuigh den pholaitíocht,' ach 'nuair a thagadh an pholaitíocht i gceist ann bhí an DUP ag blocáil gach rud, "á bhuel ní féidir linn glacadh leis sin mura bhfuil sibh chun an rud céanna a dhéanamh don Ultais. Ní raibh aon suim againn san Ultais agus níorbh fhéidir é a dhéanamh don Ultais mar níl na tacaíochtaí teangeolaíochta agus foghlamtha ag an Ultais is atá ag an Ghaeilge. Thuig siad é sin..."¹³⁰

Níorbh é seicteachas an DUP an t-aon dris chosáin, áfach. Bhí tionchar ag polasaithe Shinn Féin na linne ar an nGaelscolaíocht ó Thuaidh chomh maith. Agus í ag teacht go deireadh a tréimhse mar Aire Oideachais in 2011 labhair Caitríona Ruane le *Beo*. Mhaígh an t-aire gur bhain sí amach go leor ar son an Ghaeloideachais agus í sa ról. Roimh di siúd an post a ghlacadh bhí aonad Gaelscolaíochta ann a bhí scoite amach ó na rannóga eile. Ach chinn Ruane, ina focail féin, 'go mbeadh an Gaeloideachas mar chuid de *remit* gach rannóige agus nach mbeadh sí scoilte ó chinntí eile mo roinne.' Luaigh sí gur ordaigh sí go mbeadh tástáil dhiagnóiseach do na luathbhlianta oideachais ar fáil i nGaeilge do na Gaelscoileanna agus gur chabhraigh seo le fás na hearnála. Rinneadh infheistiú in ábhar nua-aimseartha múinteoireachta le linn a ré freisin. Ainneoin an dul chun cinn, bhí naimhdeas le brath i gcónaí sa státchóras, dár léi. Cé go raibh an roinn aici 'ag comhoibriú... ar bhonn leanúnach le Comhairle na Gaelscolaíochta,' níor mheas sí go bhfuair an eagraíocht 'an chóir.'¹³¹ Taibhsítear go raibh deighilt ann idir mianta an aire agus cuid den státseirbhís. Foilsíodh imscrúdú cúpla bliain i ndiaidh do Ruane fágáil agus John O'Dowd, Sinn Féin, teacht i gcomharbas uirthi a nocht cuid de sin. Dúradh i dtuairisc an imscrúdaithe gur léirigh '*the education system... a lack of awareness at all levels regarding [Irish-medium] education, of its distinct features and of the diversity and richness it brings to education.*' B'éigean go fóill, a dúradh, riachtanais teangeolaíochta na hearnála a aithint, '*and until [the Department of Education] recognise these specific needs, the policy and practice will continue to militate against [Irish-medium] pupils achieving their full potential.*'¹³²

130 Agallamh le hÓ Baoill.

131 *Beo*, eagrán 119, Márta 2011.

132 *Inquiry* 2013, 2.

Ní heol dúinn an raibh baint ag an ngaol achrannach sin idir na hairí agus státseirbhísigh leis an scannal a tháinig chun cinn idir na blianta 2011 agus 2014 mar gheall ar sheirbhís bus ó thuaisceart Chathair Bhéal Feirste go Coláiste Feirste. Bhí baint lárnach ag Colma Nic Sheáin leis an bhfeachtas ar son an bhus. ‘An argóint a bhí againn ag an am,’ ar sí, ‘ná mar gheall ar theip na Roinne Oideachais scoileanna eile a fhorbairt taobh amuigh den chathair go raibh siad uilig lonnaithe i meánscoil amháin i mBéal Feirste. Céard is fiú bunscoil Ghaeilge a lonnú in achan cheantar mura bhfuil tú a dul a amharc ar na féidearthachtaí meánscoil a bheith ann daofa taobh istigh de limistéar réasúnta?’ Bhí comhréir ann trí bhunscoil Bhéarla do mheánscoil Bhéarla amháin. Ach i gcás na nGaelscoileanna bhí beagnach 40 bunscoil ar fud na Sé Chontae agus gan ach meánscoil amháin ann, Coláiste Feirste, ag freastal orthu. Mar a áitíonn Nic Sheáin, ‘bhí an *ratio* go hiomlán as riocht.’ An argóint a bhí acu, dá bhrí sin, ná ‘mura bhfuil tú ag dul a dhéanamh sin *you have to provide them with the means* fáil ag an t-aon cheann atá ann.’ Tagraíodh do na cearta Gaelscolaíochta i gcomhthéacs Chomhaontú Aoine an Chéasta, doiciméad ina raibh líne a dúirt ‘*to encourage and facilitate*.’ Is cuimhin le Nic Sheáin go raibh tuiscint ann go bhfuair Lagan College, meánscoil imeasctha a bunaíodh in 1981, a gceart i dtéarmaí a chórais iompar. Bhí seirbhís bus á sholáthar don mheánscoil sin chun go mbeadh páistí in ann teacht ó gach ceantar, fiú mura mbeadh ach líon beag daltaí ar an mbus. Chuaigh lucht feachtais an bhus do Choláiste Feirste go Ruane thart ar 2011, agus mar is cuimhin le Nic Sheáin, ‘dúirt muid *look, all it is is a bus*.’ Bhuaíl Nic Sheáin go pearsanta le comhairleoir Ruane agus mhínigh sí dó go raibh bus eile ag dul ó Dhún Pádraig go Victoria College, scoil Phrotastúnach i mBéal Feirste, agus bhí a fhios aici nach raibh ach cúigear ar an mbus. Mhol sí go dtógadh an bus páistí Choláiste Feirste, ach dúirt an chomhairleoir ‘*well now ye can’t be doing that, ye can’t be mixing these schools*, beidh raic ann leis na tuismitheoirí.’ Chuir an méid seo olc ar lucht an fheachtais mar go raibh an roinn ag rá nach raibh go leor busanna ann, ach bhí cinn a bhí nach mór folamh ag freastal ar mheánscoileanna eile. Arsa Nic Sheáin:

*So it had to be a cás cúirte. Agus bhris sé mo chroí mar go dtí an pointe sin dá mba rud é go raibh mise chun vótáil do pháirtí ar bith, Sinn Féin a bhí ann mar gurb é an rud ba chónagaráí ag an am domhsa. Agus thosaigh an *realisation* ag teacht ormsa “níl an páirtí seo ag dul a chuidiú linn anseo,” *it’s a**

bloody bus, do pháistí, do pháistí agus an chuid is mó de na páistí sin tugann na tuismitheoirí vóta dóibh fosta. Ní thabharfaidh siad bus dúinn! Agus tá mise ag rá, mura dtabharfaidh siad bus dúinn, *what is this even about?*

Bhuaigh an feachtas ar deireadh, mar i dtuairim Nic Sheáin, bhí Sinn Féin buartha faoin íomhá a chruthófaí sna meáin de Ghaelcho-láiste á thabhairt chun na cúirte.¹³³

Mar aon leis an Sé Chontae Fichead, tháinig stát na Sé Chontae faoi anáil an chuíchóirithe le linn na mblianta seo chomh maith. Go hiorón-ta, bhain cuid de na fadhbanna a tháinig chun cinn le múnlaí uile-Éire-ann Chomhaontú Aoine an Chéasta. Bhí stádas dhá chontae is tríocha le bheith ag gach eagraíocht a chuaigh tríd an bpróiseas chuíchóirithe faoi threoir Fhoras na Gaeilge agus an chomhairleacht thuaidh/theas. Bhí Comhairle na Gaelscolaíochta ann sna Sé Chontae. Is cuimhin le Bláthnaid Ní Ghréacháin, go raibh ‘an-chuid teannais ann mar ní raibh muintir na Sé Chontae ag iarraidh go mbeadh muidne ag teacht isteach sa ghort sin.’¹³⁴ Go deimhin, tugtar léargas ar an aighneas sin i litir a sheol Príomhfheidhmeannach Chomhairle na Gaelscolaíochta, Mícheál Ó Duibh, chuig Ní Ghréacháin i dtreo dheireadh na bliana 2013. Chuir Gaelscoileanna dréacht de mheamram comhthuisceana ar shocruithe comhoibrithe faoi bhráid Chomhairle na Gaelscolaíochta. Scríobh Ó Duibh gur chinn bord Chomhairle na Gaelscolaíochta ‘nach mbeadh sé cúí ag an phointe seo aontú leis an mheamram’ nó ‘a dhul i mbun cainte’ le Gaelscoileanna faoin gcineál comhoibrithe a bhí molta. Ar na cúiseanna a luaigh Ó Duibh gur dhiúltaigh an bord ná gur easaontaigh siad ‘go láidir le cur chuige Fhoras na Gaeilge i dtaca leis na socruithe atá molta acu chun riar ar earnáil na Gaelscolaíochta.’ Cuireadh críoch ar an litir le nóta comhoibrithe a dúirt gur aithin Comhairle na Gaelscolaíochta ‘an comhoibriú straitéiseach agus oibríochtúil idir ár n-eagrais thar na blianta,’ ach ba léir nár theastaigh ón gComhairle brú chun cinn le plean cónasctha an Fhorais.¹³⁵ An bhliain dár gcionn, 2014, d’eisigh Áine Andrews, Cathaoirleach Altram, eagraíocht réigiúnach na luathbhlianta sna Sé Chontae, preasráiteas thar ceann na heagraíochta ina ndearnadh cáineadh géar ar chinneadh an Fhorais deireadh a chur lena mhaoiniú. Dúradh go raibh Altram ‘ag

133 Agallamh le Nic Sheáin.

134 Ní Ghréacháin 2022.

135 Ó Duibh chuig Ní Ghréacháin, an 20 Nollaig 2013.

gníomhú go díograiseach agus go héifeachtach in earnáil na luathbhlíanta le breis is fiche bliain’ agus nach mbeadh an ‘tuiscint, taithí agus saineolas’ céanna ag eagraíocht ‘atá lonnaithe i ndlíne eile.’ Cailleadh cúig phost lánaimseartha agus post amháin páirtaimseartha.¹³⁶

Tháinig Peter Weir, DUP, i gcomharbas ar O’Dowd mar aire oideachais in 2016. Leag sé béim ar na ‘*very challenging financial pressures which will impact on school budgets*.’¹³⁷ Le linn ré Weir, a mhair ó 2016-2017 agus ó 2020-2021, thug sé cuairt ar roinnt Gaelscoileanna. Réitigh Fiachra Ó Donnghaile, Príomhoide Ghaelscoil na Daróige i nDoire, tuairisc ar an nGaelscoil a léirigh go raibh leithcheal á dhéanamh ag an roinn air. De réir líon na ndaltaí a bhí sa scoil bhí leathchiliméadar cearnach breise de chóiríocht tuilte aici. Thug urlabhraí oideachais Shinn Féin cuireadh do Weir teach chun na scoile agus bhí ionadaí ón SDLP ar dhuine de ghobharnóirí na scoile ar an lá nuair a thug sé cuairt. Mar a mhíníonn Ó Donnghaile:

Thug muid cuireadh don Aire Oideachais ag an am, Peter Weir, Peadar Mac an Mhaoir, theacht chun na scoile agus an áit a fheiceáil. Is cuimhin liom ag tús an chruinnithe bhí sé cineál sceiptiúil a rá “cloisim i gcónaí go bhfuil cóiríocht de dhíth ar scoileanna.” Ach lena cheart a thabhairt dó, shiúil muid thart ar achan seomra agus bhí gobharnóir in achan seomra ag lua cuid de na fadbhanna a bhí againn ó thaobh na cóiríochta de. Agus ag eascairt ón chruinniú sin bhrostaigh cúrsaí cóiríochta—tugadh seomra ranga breise dúinn agus brostaíodh an halla breá atá amuigh ansin againn anois fosta. Sílim ar ndóigh tá polaiteoirí áirithe nach bhfuil báúil ar bhealach ar bith don Ghaelscolaíocht agus ní bhíonn eagla ar bith orthu sin a chur in iúl, ach go fóill in amanna más féidir linn ár gcás a dhéanamh is féidir dul i bhfeidhm ar pholaiteoirí fosta.¹³⁸

Bíodh sin mar atá, bhí drochthaithí ag Gaelscoileanna agus gníomhaithe Gaelscolaíochta eile ar thréimhse aireachta Weir. Chuir Gaelscoil Chill Chaoil isteach ar mholadh forbartha don Ghaelscoil faoi scáth na Roinne Oideachais thart ar 2016, rud a chiallódh go mbeadh an foirgneamh á rith ag an roinn agus go mbeadh múinteoir iomlán cáilithe tuilte acu. ‘*There had been an election,*’ arsa Éamonn Mac Ruaidhrí, ‘*and Sinn Féin hadn’t took the Education [Ministry], so you had a DUP minister—shot down, in no uncertain terms.*’ Rinneadh iarracht an t-iarratas

136 Preasráiteas Altram, an 21 Eanáir 2014.

137 *Irish News*, an 26 Bealtaine 2016.

138 Agallamh.

a fheabhsú, ach níor éirigh leis an dara uair. Mhol státseirbhísigh go n-éireodh leo sa phróiseas um moladh forbartha, ach chinn an tAire Weir nach bhfaigheadh, arsa Mac Ruaidhrí.¹³⁹ Is beag bá a bhí ag Colma Nic Sheáin do Weir ach oiread. ‘Cluiche agus cur i gcéill a bhí ann nuair a tháinig [sé] amach ag tabhairt cuairt ar Cholaíste Feirste agus ag croitheadh lámh,’ ar sise. ‘Ina dhiaidh sin dhiúltaigh sé d’éilimh an Ghaeloideachais.’¹⁴⁰ Tá tuairim láidir ag Caoimhe Ní Chathail ar staid reatha na haireachta oideachais: ‘tá deacracht ó thuaidh ann fosta mar gheall ar sheicteachas... An mheancóg ba mhó a rinne Sinn Féin [nā] nuair a lig siad do na haontachtóirí glacadh leis an oideachas, mar rinne sin dochar ollmhór do na náiscoilleana agus na Gaelscoilleana, mar má tá moladh forbartha istigh anois, níl aire fabhrach agus tá siad ag diúltú glan plé leis an rud....’¹⁴¹

Gné shuntasach de chath na Gaelscolaíochta sna Sé Chontae ná an deighilt idir an dá phobal agus iarrachtaí lucht na Gaelscolaíochta dul in adharca leis an seicteachas. I gCill Chaoil bhí, agus tá, Protastúnaigh sa Ghaelscoil agus réitíonn daoine le chéile. Bhí iontas ar Mhac Ruaidhrí faoi na daoine a tháinig i dtreo na scoile, a ndéantar a riaradh ar mhúnla comhtháite a fháiltíonn roimh chultúir éagsúla chomh maith. Ní bhíonn ranganna rialta ann faoin reiligiún, ach dhéanfaí an chéad chomaoineach agus cóineartú. Mar a luadh cheana, tá Polannaigh agus Liotúanaigh sa scoil chomh maith agus aistríodh a réamheolaire go Polainnis, rud a chabhraigh leo tuismitheoirí a mhealladh. Tháinig na paistí Protastúnacha ó clanna; ‘*Ulster Unionist... they wouldn’t be hardline DUP. They would be sort of moderate Protestants. And there is Alliance families there too. Across the board we have a good enough mixture and they all get on well,*’ arsa Mac Ruaidhrí.¹⁴² Ach tá freasúra sa cheantar freisin:

There’s still Ulster Scots in Kilkeel, but they wouldn’t want anything to do with you... The Orange Order don’t recognise what we’re at at all. We used to have a guy who passed away, Charlie Fitzpatrick, and he would’ve been on the committee, and Charlie would’ve been sort of old school and just made his way into any of them things. But he never regained any credit with them, you know? But he tried... Caoimhe she worked hard with them trying to get them on board, but no, wouldn’t work... we started a mother/

139 Agallamh.

140 Agallamh.

141 Ní Chathail 2021.

142 Agallamh.

*toddlers group [in 2018]... it was cross-community but probably leaning slightly more to the Protestant side... it was going really well, so I had my funding and all for it. And you had a few sort of hard-line Protestants took umbrage again it... just because it was Irish language. Now, they didn't put them out, but they made it damn damn awkward. They didn't threaten parents but they were knocking about the gate creating an atmosphere... we had to call it quits after six months.*¹⁴³

Tagraíonn Mac Ruaidhrí d'uair eile ar scriosadh fógra de chuid Chomhairle na Gaelscolaíochta a bhí ag stad an bhus i gCill Chaoil.¹⁴⁴ Tá ionsuithe á ndéanamh ar chomharthaíocht Ghaeilge ar bhonn rialta i ndeisceart Chontae an Dúin go háirithe.¹⁴⁵

Seans gurb é Náiscoil na Seolta an tionscadal is forásaí atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas a théann i ngleic leis an seicteachas a léirítear i gcoinne na Gaelscolaíochta agus na Gaeilge. D'fhógair Linda Irvine, ceannasaí an tionscadail Turas a mhúineann Gaeilge do Phrotestáinigh in Oirthear Bhéal Feirste, in 2018 go mbeadh náiscoil agus Gaelscoil le tógáil sa cheantar, áit a raibh bearna ann di agus éileamh air. Thacaigh Comhairle na Gaelscolaíochta agus Comhairle Thuaisceart Éireann don Oideachas Imeachtha leis na plananna. Bhí ar lucht bunaithe an tionscadail bogadh ón gceantar a bhí beartaithe acu go dtógfaí an náiscoil agus an Gaelscoil sa Bhraíneal in oirthear na cathrach i ndiaidh d'iarbhall den Red Hand Commando feachtas fuatha ar líne a stiúradh i gcoinne na Gaelscolaíochta.¹⁴⁶ 'Céim ar leataobh' a bhí sa mhéid sin, seachas céim siar, a deir Caoimhe Ní Chathail a bhfuil baint lárnach aici leis an tionscadal. 'Le fírinne tháinig muid ar áit atá i bhfad níos mó, tá halla mór spóirt ann, tá neart spáis agus níos mó féidearthachtaí ag baint leis.' Seisear déag a bhí le tosú sa scoil imeasctha, agus mar a mhíníonn sí:

tá an-éileamh ann. Tá muid srianta le seisear déag mar gheall ar an choibhneas foirne agus páistí. Níl ach beirt foirne againn, so sin an fáth go bhfuil seisear déag againn... dá mbeadh níos mó maoinithe agus níos mó foirne ann bheadh níos mó páistí ann. Tá liosta feithimh ann don bhliain seo chugainn fosta agus an bhliain ina dhiaidh. Tá sé ag dul go maith. Is díreach na rudaí a chur in áit, plé le seirbhísí sóisialta, plé leis an roinn agus an chraic

143 Agallamh.

144 Agallamh.

145 *Irish News*, an 13 Feabhra 2018; *Belfast Newsletter*, an 27 Meán Fómhair 2017.

146 *Sunday World*, an 10 Lúnasa 2021.

sin uilig.¹⁴⁷

Bhí fadhbanna buiséid ina gcnámh spairne reatha sna Sé Chontae. Léirigh bileog threorach a d'fhoilsigh Comhairle na Gaelscolaíochta in 2021 go raibh an maoiniú a cuireadh ar leataobh don Ghaelscolaíocht fós an-bheag. Cé gur chinn tuairisc Salisbury in 2013 go raibh costais bhreise ar an nGaelscolaíocht '*linked to the provision of resources and curricular development in Irish which must be reflected in funding allocations*,' ní raibh páistí san earnáil ach ag fáil £130.45 sa bhreis in aghaidh na bliana, nó 0.13 % (£850,169) de bhuiséad iomlán Bhuiséad na Scoileanna.¹⁴⁸ Cé gur tháinig fás 82% ar líon na nGaelscoileanna sna Sé Chontae idir 2011 agus 2021, bhí 60% de na Ghaelscoileanna fós i gcóiríocht shealadach. Dúirt Ciarán Mac Giolla Bhéin, ceannasaí Chomhairle na Gaelscolaíocht, go dtí gur tógadh foirgneamh úr do Ghaelscoil na gCrann ar an Ómaigh i gContae Thír Eoghain in 2020, nach raibh aon fhoirgneamh buan ag aon Ghaelscoil taobh amuigh de Bhéal Feirste. 'Tá sé de dhualgas ar an roinn an Gaeloideachas a chur chun cinn faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta,' a mhínigh sé don *Irish Independent*. 'Ach dar liom go ndéantar sin go diúltach agus go mall. Tá go leor leor samplaí ann anois a thugann le fios nach dtugtar tús áite don Ghaelscolaíocht, is cuma gur muid an earnáil is mó fás le breis agus deich mbliana anuas. Caithfear sin a athrú.'¹⁴⁹

Dúshlán eile ó thuaidh le blianta beaga anuas ná creimeadh na Gaeilge sa mhórchóras Béarla. Deir Ní Chathail gur 'géarchéim' atá ann. Níl ach 20% de mheánscoileanna a ghlacann an TGM 'Irish'.¹⁵⁰ Tá na hA-leibhéil chomh holc céanna. Thuairiscigh an *Derry News* in 2021 nach raibh fáil ag daltaí i dtrí mheánscoil i gCathair Dhoire ar an rogha 'Irish' a fhoghlaim ina scoileanna, agus go raibh deisceart an chontae fágtha gan mheánscoil Bhéarla ar bith a chuir an rogha sin ar fáil.¹⁵¹ Bíonn tionchar ag an easpa sin ar lucht tacaíochta don Gaeloideachas agus na seirbhísí gur féidir le lucht labhartha na Gaeilge a fháil sa stát, a deir Ní Chathail; 'caithfidh tú tacú leis an dá chóras oideachais—

147 Agallamh.

148 Briefing Paper 2021, 16.

149 *Irish Independent*, an 21 Lúnasa 2021.

150 Agallamh.

151 *Derry News*, an 30 Meán Fómhair 2021.

an Gaeloideachas agus mórchóras an Bhéarla chomh maith.¹⁵² Rinne COVID damáiste d'iarrachtaí lucht na Gaelscolaíochta idir 2020 agus 2022 chomh maith, mar a deir Mac Ruaidhrí; *'you've a development officer working away on Zoom giving classes, but it's not the same... you sort of lose your footing in the community.'*¹⁵³

I ndiaidh na paindéime d'éirigh leis an ngrúpa feachtasaíochta An Dream Dearg 17,000 Gael, agus lucht na Gaelscolaíochta ina measc, a bhailiú le chéile le haghaidh mórshiúl trí Bhéal Feirste ag lorg acht teanga i mí an Mheithimh 2022. Toradh ar an bhfeachtas a thosaigh thiar in 2014 le mórshiúl an bhliain sin agus ceann eile a reáchtáladh in 2017 a bhí sa slua ollmhór a tháinig amach i samhradh na bliana 2022.¹⁵⁴ D'éirigh leis an bhfeachtas an tAcht Teanga a bhaint amach, ach tá bagairt an chuíchóirithe ina imní ag lucht na Gaelscolaíochta go fóill. Fógraíodh in Aibreán na bliana 2023 go raibh ciorruithe móra le déanamh ar sheirbhísí poiblí na Sé Chontae. D'eisigh Comhairle na Gaelscolaíochta ráiteas ina ndúirt an Príomhfheidhmeannach Gníomhach, Maria Thomasson, 'gur buille suntasach eile don oideachas i gcoitinne' a bhí san fhógra, agus 'buille dúbailte do pháistí in earnáil na Gaelscolaíochta.' D'áitigh an ráiteas, 'le trian de Ghaelscoileanna lonnaithe sna céad ceantar is díothaí, tá na ciorruithe seo díréireach go háirithe ar dhaltaí Gaelscolaíochta.'¹⁵⁵ Agus, mar bharr ar an donas i nDoire, d'fhógair an Roinn Oideachais in Aibreán 2023 go gcuirfí deireadh leis an gclár Léargas i gCultúrlann Uí Chanáin a bhí ag cur ranganna Gaeilge ar fáil i mbunscoileanna na cathrach do 1,600 dalta ó bhí 2011 ann.¹⁵⁶

152 Agallamh.

153 Agallamh.

154 An Lá Dearg, Bealtaine 2022; *The Journal.ie*, an 21 Bealtaine 2022.

155 Ráiteas Chomhairle na Gaelscolaíochta, an 28 Aibreán 2023.

156 *Tuairisc.ie*, an 27 Aibreán 2023

CAIBIDIL 7:

GAELSCOIL SHLIABH RUA, 2013

BAILE ÁTHA CLIATHACH, fear gnó, gníomhaí sóisialach-poblachtánach, agus tuismitheoir Gaelscoile is ea Brian Leeson. Tá sé ar bhord bainistíochta Ghaelscoil Shliabh Rua, i mBaile Uí Ógáin, i nDeisceart Bhaile Átha Cliath, scoil a bunaíodh sa bhliain 2013. D’fhreastail Leeson ar an naíonra thart ar 1976 i mBaile an tSaoir agus chuaigh sé féin agus an bheirt eile ina dteaghlach ar aghaidh go Scoil Naithí, áit, a deir sé, go bhfuair sé a spéis agus grá don teanga. Cosúil le go leor a chuaigh tríd an gcóras Gaelscolaíochta bhí sé ar intinn aige i gcónaí a bpáistí a chur chun na Gaelscoile. Ní raibh mórán plé faoin gceist ina theach. *‘We never discussed English language schools,’* ar sé. *‘When our first child, Banbha, was born we had her enrolled in the two Gaelscoileanna in Lucan—Naomh Pádraig and Eiscir Riada. We had her enrolled within a week of her being born, we were that determined, because at that time there was a shortage of spaces.’* Bhog a chlann ó Leamhcán go dtí a cheantar dúchais i mBaile an tSaoir in 2012 agus an bhliain chéanna bhí *‘a bumper year of siblings’* ann i Scoil Naithí, rud a chiallaigh go raibh ganntanas mór spáis sa scoil. Bhí ríméad ar Leeson agus a bhean chéile, mar sin, nuair a ghlaoigh an Foras Pátrúnachta cruinniú poiblí sa dúiche thart ar 2011. Mura bhfaighidís spás do na páistí i nGaelscoil thart ar Bhaile an tSaoir ní raibh sé i gceist acu bogadh ó Leamhcán.¹⁵⁷

Murab ionann agus cuid mhaith de na scoileanna lán-Ghaeilge a bunaíodh go dtí seo, níor éirigh Gaelscoil Shliabh Rua ón mbun aníos de dheasca na feachtasaíochta. *‘There wasn’t really a need for a campaign,’* a áitíonn Leeson. *‘This is one of the things—I’m saying the new way of doing schools, but it’s been in place for twenty-five years probably—it’s not parent led really, it’s the Department through their geo-location systems, they’re identifying that there is a need for a new school building. That’s the starting point now, as opposed to a group of parents coming together and saying “we’d love a Gaelscoil in this area.”’* I ndiaidh don roinn cinneadh a ghlacadh gur ceantar fáis a bhí i mBaile Átha Cliath 14 agus 16, reáchtáladh comórtas do scoil. Mar is cuimhin le Leeson:

My recollection was that the meeting was convened in CLG Naomh Eoin in Ballinteer, possibly one day, or two days, before it closed for parents to make submissions of interest

in schools. So that was a little bit unfortunate as it left it very tight for us to gather up names. As I recall we left the meeting and went home and emailed and texted everyone we knew that had children of school going age, or within the relevant years, and asked them to look at the relevant website... to register interest.

Bhuaigh Ag Foghlaim le Chéile an comórtas sin gan mórán stró. Nuair a reáchtáladh an comórtas an bhliain dar gcionn ba gheall go raibh sé cinnte go mbaufadh Gaelscoil ilchreidmheach é, mar gurb é sin an t-aon mhúnla de bhunscoil nach raibh sa cheantar go fóill. Mhóthaigh Leeson, ag an am, go raibh tuilleadh acmhainní ag Ag Foghlaim le Chéile chun an comórtas a bhuachan an chéad uair.¹⁵⁸ Mar sin féin, deir Bláthnaid Ní Ghréacháin, Príomhfheidhmeannach Gaeloideachas, go bhfuil deontas ann do na feachtais faoi bhunú scoileanna ‘chun nach mbeadh buntáiste ag an dream is cumhachtaí nó is saibhre.’¹⁵⁹ Ach luann Leeson maoiniú reatha agus nithe eile chomh maith leis na deontais a d’fhéadfadh buntáiste a thabhairt; *‘if one body is better organised, has a better use of social media, has a better communication infrastructure to reach out to a particular cohort of people... I’m not sure that’s the most democratic way or the best way to establish the real demands within a community... It’s my understanding that the funding of Educate Together is significantly better funded than the other patron bodies... if the patron bodies aren’t equally funded that skews the playing field.’* Maíonn sé go mbeadh sé níos cothroime dá rachfaí i dteagmháil le gach tuismitheoir i bpobal, seachas fanacht orthu teacht chucu. Tá eolas ag an roinn faoi líon na bpáistí i ngach ceantar, a deir sé, de bharr na n-íocaíochta leanaí. D’fhéadfaí litir a sheoladh chucu leis na roghanna ar fad, rud a bheadh níos féaráilte.¹⁶⁰

Bhain castacht ar leith leis an tíreolaíocht sa cheantar, cúrsaí sealúchais agus roghnú shuíomh na scoile, rud a léirigh *‘some of the flaws in the competition system as it was then.’* Maidir leis na tuistí a léirigh spéis sa scoil, *‘quite a lot of them were in the Ballinteer end of what is the [Department of Education’s] Ballinteer/ Stepside school feeder area and they had identified that another school was needed in that area.’* Ach mar a tharla sé:

The bulk of the parents were in the Ballinteer end of the district. When it came to the school actually being established, its first temporary building was in Kilternan, which is quite a distance from Ballinteer. So there was a big drop out... it’s traffic and it’s not a

158 Agallamh.

159 Agallamh le Ní Ghréacháin.

160 Agallamh.

long distance on a clear road, it's a long distance in the morning and very few people would be heading that way for work, for example.

Measann sé go raibh thart ar ocht bpáiste dhéag cláraithe nuair a dúradh go mbeadh an Ghaelscoil sa Chéim, ach thit sin go hochtar nuair a bogadh é go Cill Tiarnáin. Ach d'éirigh leis teacht ar an bhfód, cibé ar bith, agus sa darna bhliain tháinig tuilleadh páistí. Ina dhiaidh sin, agus rud a chreideann sé a bhí aisteach, dúradh leis na tuismitheoirí go raibh an roinn tar éis dul i gcomhairle le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, ‘*and we found that they were going to use a site in Carrickmines, the Ballyogan end, for a full sixteen room brand new school building, for what we had at that stage was twelve children.*’ Ba dhul chun cinn a bhí sa mhéid sin, óir ‘*subsequent to that we had a bumper enrolment the following year, because parents had certainty. They knew that's a permanent building, that's where the kids are going to be going, and it was state-of-the-art.*’ Maidir leis an suíomh i mBaile Uí Ógáin, ba leis an gcomhairle é. Thar na blianta bhí iompar míshóisialta ann agus measann Leeson go raibh an roinn ag déanamh gar don chomhairle as é a cheannach ar phraghas níos saoire ná áit ní ba chóngaraí don chathair agus fáil réidh leis. Bhí suíomhanna cosúla a bhí níos gaire d’fhormhór na dtuismitheoirí nár ceannaíodh. ‘*I don't know whether it was just a severe shortage of sites,*’ ar sé ‘*but my suspicion is that the location of this particular bit of ground—across the road you'd the Luas tracks, surrounded by the Ballyogan Estate and then across the road where the old dump had been ..—I'm not sure that site would've sold. I don't think there'd have been a queue of developers looking to put private housing there—maybe, we don't have all the facts.*’ Níor fheil an socrú sin do roinnt de na tuismitheoirí a bhí lonnaithe i mBaile an tSaoir. Cé gur bunaíodh an scoil chun freastal ar an gceantar sin tá sé tar éis forbairt isteach i scoil a fhreastalaíonn ar Bhóthair Bhaile Uí Ógáin go príomha. Tríd is tríd, arsa Leeson, ní hé go raibh feachtas ann agus na tuismitheoirí ina gcroílár— roghnaíodh an suíomh agus rinneadh na socrúithe idir an Foras agus an roinn agus ba ‘*fait accompli*’ é, a deir sé. Tá Leeson criticiúil ar an bpróiseas nuair a labhraíonn sé faoi:

My feeling at the time was that at the first meeting of the school there had been a lot of talk about school community, parents and the board and teachers being in partnership, a lot of the kind of buzzwords you'd associate with collective decisions and participation and all this sort of language. But ultimately, when it came down to it, it was old school, this was the decision... it wasn't terribly democratic...

Ach má b'olc maoil ba mheasa mullach; *'the vibe that was coming back to us from Foras was that if we knocked back this offer of a new school building we'd be waiting twenty years in portacabins and that nobody ever refused a new school building.'* B'éigean do na tuismitheoirí glacadh leis an gcinneadh. *'At the end of the day we did get a new state-of-the-art school building,'* arsa Leeson. *'I can understand why at the time, from the perspective of the Foras, it's another area that's going to have a [Gaelscoil] and a brand new school building, and just take it with both hands.'* Tá 350 páiste ag freastal ar an scoil anois agus cuireadh bus ar fáil do na páistí a raibh orthu taisteal, rud a d'éascaigh saol na dtuismitheoirí i mBaile an tSaoir go mór. *'In the greater scheme of things it's great to have another Gaelscoil in South Dublin,'* a mhaíonn Leeson.¹⁶¹

Tá cultúr deas i nGaelscoil Shliabh Rua dár le Leeson. Leagtar béim ar an spraoi agus go mbainfeadh na páistí taitneamh as a n-eispéireas scoile. *'The first príomhoide, his view would've been that a happy student will learn much more,'* ar sé. Dífear amháin idir Gaelscoil Shliabh Rua agus na Gaelscoileanna fadbhunaithe ná gur leagadh an-bhéim ar an teanga iontu. I Scoil Naithí, mar shampla, *'there seems to have been a really very deep culture looking for the very highest standard of Irish to be spoken, and taught and learned in the school.'* Deir Leeson nach bhfuil aon locht in aon chor ar leibhéal na Gaeilge i nGaelscoil Shliabh Rua ach go bhfuil béim ar atmaisféar deas a chothú sa scoil. Cosúil le go leor de na Gaelscoileanna nua is scoil ilchreidmheach é Gaelscoil Shliabh Rua agus déanann an scoil na sacraimintí a eagrú lasmuigh d'uaireanta scoile.

Pléann Leeson ceist mhianta tuismitheoirí Ghaelscoil Shliabh Rua ina dhiaidh sin, óir chonacthas dó go mbíonn líomhaintí á ndéanamh sna meáin agus i measc cuid den phobail faoi na cúiseanna go seoltar páistí chun na gaelscoile:

I have never come across anybody who has openly admitted that they've enrolled their kids in our school or any Gaelscoil simply on the basis that they've wanted their kids to avoid mixing with working-class or foreign kids. I've met one or two, who I have suspicions that that might have been their motivation, primarily to keep their kids in a school setting where there are a very limited number of non-Irish kids as opposed to [other schools]—actually one of the families are very working class themselves, so it's not a class thing. But I've a suspicion that a significant part of their motivation was to find a school with less diversity. But that's one family I'd have strong suspicions about, another lesser, out

161 Agallamh.

of dozens, scores of parents. In my experience I don't believe that's a major factor in the choices that people are making.

Cíorann sé an claochlú atá tarlaithe i gcomhdhéanamh eitneach agus aicmeach na nGaelscoileanna chomh maith:

I can't speak for any other school, we've a significant number of kids who have one parent who is non-Irish, and we have a significant number of kids who have two parents who are Irish who have very poor Irish-language skills. That's something as well where that kind of assimilation of people coming from other countries who are settling in Ireland, I think the Gaelscoileanna have a really important role in integrating those kids of mixed Irish and non-Irish parentage making them feel welcome and part of the Irish language community and by extension of Irish society... we've kids from fifteen or twenty different countries at this stage where one parent is non-Irish. Certainly when I was in Scoil Naithí in the 1970s that was not the case... The more Gaelscoileanna we have, by definition they become less elitist. In our own school we certainly have a wider class mix than I would have seen in school forty years ago—there's a wider spread of mixed, middle- and working-class families. I think that's very important for the language that it isn't just the preserve of a middle- or upper-class elite or an intelligentsia, or a self-appointed elite. I think the Gaelscoileanna—simply by the fact that there's so many of them now—they're serving to bring the language into working-class communities, particularly in Dublin that the language hasn't been in for a very long time. I think that's an important role in our society.¹⁶²

Tá tábhacht eile ag an nGaelscoil i gcur chun cinn na teanga sa phobal, ach bíonn na hiarrachtaí thuas seal thíos seal agus éagsúil ó Ghaelscoil go Gaelscoil, arsa Leeson. Agus cuile rud sa mheá, ar sé, *'I think that in the battle to avoid the collapse of the language or the loss of the language the Gaelscoileanna are a really useful tool to ensure there's a bulwark of many tens of thousands of people who are capable of holding a reasonably sophisticated conversation as Gaeilge or they're fully líofa—that they're somewhere in that range... I don't think we can dismiss the importance of the Gaelscoileanna's achievement in that.'* Aithníonn Leeson, mar sin féin, go bhfuil bearna ann ag an dara leibhéal—bearna a dtiocfaidh méadú air as seo amach, ina cheantar féin. Tá ceantar ann anois a chuimsíonn trí nó ceithre bhrúachbhaile i ndeisceart Bhaile Átha Cliath agus ina bhfuil cúig Ghaelscoil le daonra an-ard. Tá dhá shruth i roinnt de na Gaelscoileanna sin agus tá os cionn 2,000 páiste i gceist san iomlán. Dá dteastódh ó 50% de pháistí dul ar aghaidh go Gaelcholáiste bheadh 1,000 áit de dhíth, arsa Leeson. Tá Gaelcholáiste an Phiarsaigh ann i Ráth Fearnáin, áit a bhfuil a iníon faoi láthair. Tá an tríú sruth á lorg ag an nGaelcholáiste.

162 Leeson 2023.

Agus tá abhantrach mhór aige—cuid de na daltaí ag teacht ó Thamhlacht agus Inse Chór. I 2023, bhí cúig dhalta is daichead ag fágáil Ghaelscoil Shliabh Rua. An chéad bhliain le figiúr chomh hard. Beidh uimhreacha móra ag teacht chun cinn amach anseo. Luann sé go bhfuil caint ar Ghaelcholáiste a bhunú i gCoill na Silíní le hais ceann Ag Foghlaim le Chéile, ach nach bhfuil aon chinnteacht ann go fóill. Beidh feachtas mór le troid amach anseo i gceann ceithre nó cúig bliana chun cearta tumoideachais a bhaint do leibhéal na hiar-bhunscoile sa cheantar máguaird arsa Leeson.¹⁶³

Advanced Review Copy

163 Agallamh.

CAIBIDIL 8:

GAELSCOIL NA LAOCHRA, 2015

FEIRMEOIR AGUS DUINE DE LUCHT bunaithe Ghaelscoil na Laochra i mBiorra, Co. Uíbh Fhaillí, is ea Seán Ó Cearbhaill. Bhí sé lag sa Ghaeilge ar scoil agus, is cuimhin leis, gurb é sin, ‘an t-am a raibh an bata ann agus má [rinne] tú botún fuair tú buille den bhata.’ Níor shealbhaigh sé Gaeilge ar bith go dtí go raibh sé tríocha bliain d’aois, nuair a chuaigh sé go Príosún Phort Laoise mar chime poblachtánach. Sé bliana a chaith sé ann ar ‘*E-landing*’ idir 1976 agus 1982 agus ba le linn na mblianta sin gur thosaigh sé ag labhairt na teanga. Míníonn sé na bealaí gur shealbhaigh na cimid poblachtánacha an Ghaeilge agus iad i ngéibheann:

Nuair a bhí deis againn léamh, chaith muid tréimhsí in *solitary* agus chaith mé seacht lá is daichead ar stailc ocrais. Bhíos ag lorg oideachais. Do rinne mé an ardteist i nGaeilge agus i mBéarla agus stair agus stair eacnamaíochta nuair a bhíos sa phríosún. Ní raibh aon oideachas sa phríosún an t-am sin. Bhí caspa leabhar fiú sa leabharlann, sean-leabharlann. Diaidh ar ndiaidh... bhí a lán daoine ag foghlaim na teanga, ranganna ag am lóin gach lá. Bhíodh ceathrar le múinteoir amháin agus ná daoine ag céim níos airde le múinteoir eile... Bheadh múinteoir an ranga is ísle ag freastal ar rang é féin... An t-aon fhear a bhí láidir, bhuel bhí cúpla duine ann, ach an t-aon fhear [a bhí láidir ó thaobh na Gaeilge de] agus a chaith tréimhse fhada ann ná Cyril MacCurtain as Luimneach. Ba é an fear a bhí sa Cheis Fhada agus a mhúin Gaeilge do Bobby Sands. Tá Cyril an-tógtha leis an teanga agus ceol ar an sean-nós... Sé mhí sular fhág mise an áit chuireamar Gaeltacht le chéile. Fuaireamar cead dul ar an *landing* amháin, *the top landing* agus bhí dhá dhuine dhéag agus bhíomar le chéile agus ag [labhairt na Gaeilge] an t-am uilig. Agus d’fhás sé ansin. Nuair a bhí daoine eile a bhí ag rang, bhí siad in ann teacht suas—b’in an aidhm leis na ranganna chun go mbeifeá in ann labhairt agus dul suas go dtí an t-ardán sin. Na [haidhmeanna] nuair a bhí tú faoi ghlas, [bhí siad difriúil] [GÁIRE].

Nuair a scaoileadh saor é chloígh sé le foghlaim na teanga tríd an leabhar *Buntús Cainte* a léamh ina aonar. Chuaigh roinnt de na cimid eile amach chun an Ghaeilge a chur chun cinn, arsa Ó Cearbhaill. Lean sé féin leis ag cur na Gaeilge chun cinn agus deir sé gur spreag leithéidí na dtionscadal ar Bhóthar Seoigh agus i gCarn Tóchair é. Toghadh é ina chomhairleoir baile in 1985, d’fhág sé an ghluaiseacht phoblachtánach tar éis an dara sos cogaidh in 1997, agus tá sé ina chomhairleoir neamhspleách ó shin. Admhaíonn sé nach ndearna sé mórán leis an nGaeilge

ar feadh fiche bliain nach mór, ach bhí sé deacair agus é ag treabhadh leis ina aonar ar son na Gaeilge i mBiorra.¹⁶⁴

Tháinig dea-chor sa scéal nuair a bhog Stella Ní Mháilligh, a bhí ag staidéar le bheith ina sícé-teiripeoir, go Biorra thart ar an mbliain 2010. Bhí suim mhór aici sa Ghaeilge agus bhí beirt pháiste aici. ‘Nuair a bhí muidne ag éirí tuirseach, las sí an tine arís,’ arsa Ó Cearbhaill. Bhí ceathrar ar choiste bunaithe na scoile. Cuireadh tús le cúrsaí nuair a tharraing siad ciorcal comhrá le chéile agus thosaigh siad ag lorg Gaelscoile ina dhiaidh sin. Ní raibh mórán tacaíochta le fáil ar an mbaile arsa Ó Cearbhaill. Bheartaigh siad ar naíonra a bhunú ar dtús, mar go raibh deontais réamhscolaíochta ar fáil agus chun dúshraith a leagan don Ghaelscoil, rud a baineadh amach in 2011.¹⁶⁵ Chuaigh an coiste i gcomhairle le Gaelscoileanna agus d’fhiosraigh siad faoi ‘féidearthachtaí eile seachas scoil neamhspleách a bhunú,’ mar a dúirt tuairisc Bhláthnaid Ní Ghréacháin ag an am. Bhí spéis ann páirt a ghlacadh ‘in aon scéim phíolótach a bheadh ag an [Roinn Oideachais] maidir le haonad/scoil saitilíte.’¹⁶⁶ Bhí Ó Cearbhaill agus an coiste airdeallach ar an gcóras nua aitheantais agus plean an díshealbhaithe a bhí an Aire Oideachais, Ruairí Quinn, a bhrú. Díriodh ar an díshealbhú mar gur mhínigh Quinn nach mbeadh scoil nua á tógáil agus go mbeadh orthu obair leis an sagart paróiste agus Eaglais na hÉireann dá mba rud é gur theastaigh uathu Gaelscoil a bhunú. Ghlacfadh an Ghaelscoil áit scoile náisiúnta faoi stiúir an phátrúin Chaitlicigh.¹⁶⁷

In 2013, tuairiscíodh ar nuachtlitir Gaelscoileanna go raibh an Roinn ‘i mbun comhairliúcháin le pátrún na scoileanna fadbhunaithe [i mBiorra] le féidearthachtaí maidir le hath-eagar agus cóiríocht na scoileanna reatha a chíoradh.’¹⁶⁸ Ach ba léir go mbeadh an taithí ar an talamh éagsúil. Chuaigh an coiste ag labhairt leis na sagairt ach ní raibh aon deifir mór orthu gníomhú. Mhínigh an sagart Caitliceach d’Ó Cearbhaill lá amháin nach raibh ‘aon bhrú orainn agus leanfaimid orainn *kicking the can* síos an bhóthar.’ Bhuail siad le scoil na mbuachaillí

164 Ó Cearbhaill 2023.

165 *Ibid.*

166 Tuairisc an Ardfheidhmeannaigh, an 18 Meitheamh 2011.

167 Ó Cearbhaill 2023

168 Nuachtlitir 2013, 8.

chomh maith agus aonad Gaeilge sa scoil á lorg acu. ‘D’éist siad linn, ach dhiúltaigh siad aon phlé a dhéanamh,’ arsa Ó Cearbhaill. Ina dhiaidh sin, chinn siad ar bhreathnú lasmuigh den bhaile. Lorg siad foirgneamh i scoil náisiúnta amuigh faoin tuath cúig mhíle ón mbaile, áit a raibh na huimhreacha ag titim agus sagart a raibh bá aige don Ghaeilge ann agus eolas aige ar a raibh tar éis tarlú le Scoil an tSlí Dála i gCo. Laoise a bunaíodh mar Ghaelscoil idirchreidmheach tuaithe in 2005. Theastaigh uathu an scoil a iompú ina Ghaelscoil agus bhí an sagart sásta leis sin, ach dhiúltaigh an bord bainistíochta. Chreid Ó Cearbhaill go raibh baint ag CLG leis an gcinneadh sa mhéid gurb é sin tosaíocht an phobail sa cheantar. Tá cúig *all-stars* sa pharóiste—‘*the parish it rears the children*,’ an scoil, Cumann Lúthchleas Gael agus sin an méid.¹⁶⁹

I ndiaidh cuid mhaith feachtasaíochta, ní raibh mórán dul chun cinn ann. ‘Go dtí 2014 ní raibh aon rud ag tarlú, bhíomar ag bualadh an doras ach ní raibh aon rud ag tarlú. Ní raibh sé ar bharr an chlár don Roinn Oideachais. D’imigh sé ciúin. Ní raibh *divestment* ag tarlú, ní raibh an Eaglais ag tabhairt suas aon scoil,’ arsa Ó Cearbhaill. Ach, tháinig Quinn chucu agus mhínigh sé ‘go raibh an roinn sásta [Gael]scoil a oscailt i mBiorra ach chaithfeadh sé a bheith *cost neutral*.’ ‘Sé sin le rá go mbeadh an scoil le lonnú i bhfoirgneamh a bhí in úinéireacht an stáit cheana. ‘Ní raibh siad toilteanach áit a cheannach,’ arsa Ó Cearbhaill. Bhí seanfhoirgneamh de chuid an FSS¹⁷⁰ ann, áit a raibh meánscoil an Chlochair agus chomhoibrigh an roinn agus an FSS ar an gceist. Gealladh i mí Feabhra 2015 go dtosódh siad ag obair ar an bhfoirgneamh, ach bheadh orthu seal a chaitheamh i gclub sacair. Réachtáladh cruinniú in Aibreán 2015 agus pléadh ainm, lógó agus manna na Gaelscoile, tráth a raibh ceithre chruinniú sa mhí i dteach ósta ag an gcoiste. ‘Tháinig cúpla ainm chun cinn... “Scoil Lár Tíre,” “Scoil Naomh Breandán,”’ arsa Ó Cearbhaill, agus ‘is dócha an “Laochra” tháinig sé chun cinn mar gurb é an bhliain roimh 1916 a bhí ann... mise a chuir an t-ainm sin chun cinn...’ I rith an ama bhí Ó Cearbhaill ag obair leis an bhForas Pátrúnachta agus cuireadh amach fógraí don phríomhoide agus don leas-phríomhoide i rith an tsamhraidh. Molann Ó Cearbhaill an Foras Pátrúnachta go hard; ‘gan an Foras, ní bheadh scoil againn. Bhí cabhair ann, nuair a bhí tú ag déanamh agallaimh.’ D’éirigh le Gaelscoil na La-

169 Ó Cearbhaill 2023.

170 HSE.

ochra oscailt i Meán Fómhair 2015 agus cúig pháiste dhéag ar an rolla. Bhí an scoil ar an dara hurlár den fhoirgneamh agus an FSS ar an gcéad urlár. B'éigean oibreacha a dhéanamh ar an gcéad urlár in 2016 ach 'ní raibh an FSS toilteanach bogadh amach,' rud a chiallaigh gur bhog an scoil go *crèche* áitiúil ansin.¹⁷¹

Ba bhac ar dhul chun cinn na scoile cúrsaí teangeolaíochta dar le hÓ Cearbhaill. Molann sé nár chóir go mbeadh cead ag páistí ó scoileanna eile, nárbh Gaelscoil iad, teacht isteach i nGaelscoil mar go bhfaca sé an brú a tháinig ar an nGaeilge i gclós scoile Gaelscoil na La-ochra de bharr an pholasaí sin. 'Thógamar roinnt [daltaí] eile a bhí ag lorg teacht isteach,' ar sé 'agus bhí sé ceart go leor le daoine ar nós Stella a raibh ceangal acu leis an teanga, ach an fhadhb atá ann, duine nach bhfuil sásta sa scoil ina bhfuil siad glacann siad an deis dul go scoil nua agus uaireanta glacann siad *baggage* leo.' In amanna, ní raibh 'ceangal mór acu leis an teanga. Bhí siad ag lorg rudaí difriúla.' Deacracht eile ag an tús ná príomhoidí a choinneáil, rud a chuir brú ar an scoil. Bhíodh an dream a bhí ag teacht ó na scoileanna eile ag súil le caighdeán áirithe. Ach, mar a áitíonn Ó Cearbhaill, 'nuair a fhágann duine scoil, cuireann sé isteach ar dhuine nua teacht... níl an leanúnachas ann. Bhí a fhios agam go raibh na *hair dressing saloons* ag caint faoi... dá mbeifeá ag tógáil i mBaile Munna ní bheadh [daoine] chomh gar... i mbaile beag bíonn aithne ag gach duine ar gach duine eile.' Chuir buairt na dtuismitheoirí faoi bhuaine na scoile isteach ar a fás agus deir Ó Cearbhaill go raibh sé deacair fréamhacha a chur síos nuair a bhí daoine ag ceapadh go dteipfeadh ar an scoil. Ar ámharaí an tsaoil, d'éirigh leo Tomás Ó Cadhain a fháil, Gaillimheach a chaith trí bliana déag ag múineadh i mBaile Átha Cliath, agus 'chuir seisean fuinneamh ar ais isteach sa rud.'¹⁷²

Tá Gaelscoil na Laochra ag fanacht go fóill ar chóiríocht bhuan. Bhí sé deacair 'aon fhreagra a fháil as aon duine' ar an gceist ar feadh na mblianta, arsa Ó Cearbhaill, go dtí gur bhuail an tAire Oideachais, Joe McHugh, Fine Gael, leo in 2022. Deir Ó Cearbhaill go raibh McHugh 'báúil don teanga agus tá sé pósta le bean as Biorra agus múinteoir agus tuismitheoir amháin d'oirbh sé mar *press secretary* leis agus d'agraigh seisean an cruinniú....' Chuaigh cead planála don suíomh buan isteach

171 *Ibid.*

172 *Ibid.*

in 2023. Ba éacht é sin a baineadh amach d’ainneoin tacaíocht mhór ón bpobal áitiúil agus toil pholaitiúil sa cheantar, arsa Ó Cearbhaill. Don ghnáthdhuine ní athróidís ón nós a bhí acu cloí leis na scoileanna Béarla; ‘níl siad oscailte don athrú. Is *garrison town* é Biorra agus bhí sé *planted* uair amháin agus tá an nós sin ann fós, cé go bhfuil Comhaltas agus Cumann Lúthchleas Gael ansin, ach [tá siad] sásta leis na seanslíte.’ Cé go mbraitheann Ó Cearbhaill go bhfuil cuid den bhaile ag tarraingt na gcos tá iarrachtaí á ndéanamh an Ghaeilge a scaipeadh lasmuigh de gheataí na scoile aige féin agus coiste áitiúil mar sin féin. Tá ochtar ar Bhiorra Le Gaeilge, na daoine céanna a bhí ar an gcoiste scoile cuid mhaith, agus bunaíodh an eagraíocht mar chomhlacht gan bhrabús le blianta beaga anuas. Amhail go leor coistí eile tá croílár a ndéanann ualach na hoibre; Ó Cearbhaill é féin, Ní Mháilligh agus bean darb ainm Rosalind. Rud amháin a rinne siad ná comórtas róbataice i nGaeilge i gCaisleán Bhiorra, a bhfuil cáil air de bharr na heolaíochta, a eagrú ar ar fhreastail 400 páiste. Aidhm eile atá ag an gcoiste ná leibhéal na hiar-bhunscoile. ‘An chéad chéim eile ná aonad a chur isteach san *ETB*,’ arsa Ó Cearbhaill. Ach tá seantaithí aige ar na Boird Oideachais agus ‘tá sé deacair go leor Gaelcholáiste a thógáil ón mbun aníos.’ Sa mhullach air sin, sna meánscoileanna ar an mbaile ‘tá lámh na mbráithre láidir go leor fós.’¹⁷³

CAIBIDIL 9:

GAELSCOIL NAOMH SÉAMAS, 2020

CEANN DEN FHÍORBHEAGÁN scoileanna náisiúnta a iompaíodh ina Gaelscoil le breis agus leathchéad bliain anuas is ea Gaelscoil Naomh Séamas, atá suite i gceantar tuaithe lasmuigh de Chill Orglan, Co. Chiarraí, agus a bunaíodh mar Ghaelscoil in 2020. An rud is annamh is iontach. Is í Caitríona Ní Luasa atá ina príomhoide sa scoil agus ba ise a thiomáin an próiseas iompaithe. Theastaigh ó Ní Luasa a bheith ina múinteoir i gcónaí. Chuir sí suim sa Ghaeloideachas nuair a bhí sí ar an gcoláiste agus rinne sí speisialtóireacht den earnáil agus í ann. Fuair sí post i nGaelscoil nuair a d'fhág sí an coláiste, ach fuair sí post i scoil náisiúnta a d'fheidhmigh trí mheán an Bhéarla ina dhiaidh sin. Amhail cuid mhaith scoileanna faoin tuath bhí dúshlán ann na huimhreacha a choimeád agus gan ach deichniúr ann nuair a ceapadh Ní Luasa ina ról nua le linn na scoilbhliana 2018/2019. Ach bhí cúiseanna eile leis an titim i líon na ndaltaí chomh maith. Cheap Ní Luasa go raibh daichead ann nuair a fuair sí an post, 'ach ní raibh ach deichniúr ann nuair a thosnaíos.' Eilifint sa tseomra a bhí ann ar sí nach raibh 'caidreamh rómhaith ag na tuismitheoirí leis an bpríomhoide... bhí nócha ag freastal ar an scoil deich mbliana ó shin agus thit na huimhreacha thar thréimhse deich mbliana ó nócha go dtí deichniúr agus tá na ráflaí ag dul thart go raibh droch-chaidreamh leis an bpríomhoide.' Cé go raibh 'suíomh chomh breá againn' bhí athrú ag teacht ar na seirbhísí a theastaigh ó thuismitheoirí. Bhí gá ann le forbairtí eile amhail seirbhísí iarscoile, seirbhís bus, agus seirbhísí eile nach iad, rudaí nár tharla—agus dá bharr sin 'thit an caighdeán.' D'fhág seo go raibh 'saghas *mess* le glanadh suas don chéad dá bhliain,' rud a bhí 'thar a bheith dúshlánach' arsa Ní Luasa. Mar a mhíníonn sí féin:

Bhí dainséir ann go mbeadh an scoil ag dúnadh, go ndúnfaí na doirse. Bhí sé de rogha againn rud éicint ollmhór a dhéanamh nó is dócha go mbeadh teip ar an scéal i ndáiríre. Bhí plé againn i gcuiníní boird bainistíochta agus dúras leo “*look*, tá an-éileamh ar an nGaeloideachas. Measaim go bhféadfadh rath a bheith ar Ghaelscoil timpeall na háite seo.” An Ghaelscoil is cóngaraí dúinn tá sé timpeall leath uair an chloig ó dheas agus tá ceann leath uair an chloig an tsí eile. Os rud é go bhfuil an ceantar réasúnta mór tá roinnt mhaith scoileanna ann agus tá caighdeán an-ard sna scoileanna, cheapas go raibh saghas spáis i gcomhair rud éigin difriúil a ofráil. Thugas an tuairim chun cinn, “ar mhaith libh Gaelscoil?” agus dúradar “*yep*, cinnte.” Ansan ch-

uas i mbun iniúchadh ar conas é a dhéanamh agus ní raibh aon chur chuige aitheanta ann. Dheineas teagmháil leis an eagraíocht Gaeloideachas agus chuireadar san roinnt teorach ar fáil agus dúradar go raibh sé déanta ag dhá scoil eile, agus chuas i dteagmháil leis an dá scoil sin agus bhí cur chuige go hiomlán éagsúil ag an dá scoil.¹⁷⁴

Dá bhrí sin agus de bharr nach raibh ‘aon chur chuige ann,’ ghlac sé ‘roinnt ama orainn pointe tosaigh a aithint.’ Fiú nuair a aithníodh an pointe sin bhí constaicí áirithe fós le sárú agus áiríonn sí neamhshuim na hEaglaise Caitlicí anseo. Bhí sé deacair, a deir sí, mar nár theastaigh ón bpátrún an t-iompú a dhéanamh agus ‘bhí an oiread san rialacha acu... ceapaim go rabhadar ag iarraidh é a dhéanamh saghas deacair orainn ar eagla go dteipeadh ar an rud, ach bhíomar ag rá “look, tá an scoil chun dúnadh.” Agus cinnte ní rabhadar báúil leis an nGaeloideachas. Ní dhearnadar é éasca orainn.’ Nuair a rinneadh iar-racht an t-iompú a dhéanamh ar dtús báire sa scoilbhliain 2018/2019, ‘tháinig duine anuas ón bpátrún chun labhairt leis na tuismitheoirí agus ní rabhadar báúil leis an nGaeloideachas agus chuireadar béim ar na dúshláin.’ Ina dhiaidh sin, arsa Ní Luasa, ‘níor chreid na tuismitheoirí go bhféadfaí an rud a dhéanamh... bhíodar i *defense mode*.’¹⁷⁵

Cor cinniúnach an scéil ab ea an dul chun cinn a rinneadh sa scoil idir an dá linn an Ghaeilge a fhorbairt. Cé nár Ghaelscoil a bhí ann go fóill, bhí Ní Luasa tar éis atmaisféar a chruthú ina raibh an Ghaeilge i dtreis. Bliain ina dhiaidh sin bhí Gaeilge na ndaltaí forbartha, ‘mar bhí béim ar an nGaeilge sa scoil... bhí na tuismitheoirí *delighted* nuair a chualadar na hamhráin sa bhaile, an Ghaeilge neamhfhoirmiúil á cur chun cinn sa scoil, agus bhíodar bródúil as na páistí agus dúradar “*oh yeah, that’s what you meant*.” So oibríonn sé.’ Nuair a bhí na torthaí le feiceáil d’athraigh sé meon na dtuismitheoirí i leith choincheap an athbhunaithe. Caithfear na tuismitheoirí a thabhairt ar aghaidh tríd an gcultúr a neartú ar dtús, arsa Ní Luasa, ‘caithfidh go mbeadh *transition* ann.’ Cé go raibh éagsúlachtaí sna scoileanna a d’iompaign cheana sa Mhaigh, Co. an Chláir, agus i dTromaire, Co. Laoise, ar a ndearna Ní Luasa taighde, tréith chomónta eatarthu agus Gaelscoil Naomh Séamas ná ‘an fócas ar an nGaeilge... go mbeadh cultúr Gaelach san áit... caithfidh go mbeadh an príomhoide tiomanta chomh maith, mar níl sé éasca.’ Ní

174 Agallamh.

175 Agallamh.

hamháin go bhfuil tábhacht le díograis an phríomhoide ach tá scileanna eile de dhíth; ‘is féidir le gach duine eile ról a imirt ach caithfidh an príomhoide an ról a chomhordú... agus go mbeadh an príomhoide éifeachtach ina chumarsáid agus éifeachtach chomh maith, mar caithfidh tú daoine a thabhairt leat.’ Ar an ábhar seo, mar a mhíníonn Ní Luasa:

Caithfidh go mbeidh gach duine sásta, caithfidh go mbeidh na tuismitheoirí reatha sásta. An rud a dheineas ansin ná dheineas foirmeacha toile feasa a bhí deartha agam féin ag rá “bhí comhrá agam leis an múinteoir nó leis an bpríomhoide agus táim sásta, nó nílím sásta, go mbeidh an scoil athraithe ina Gaelscoil.” Agus de bharr go raibh na huimhreacha chomh híseal ag an am dhein gach tuismitheoir, seachas tuismitheoir amháin, dúradar go raibh fonn orthu. Agus ansan dheineas saghas [an rud céanna] leis an mbord bainistíochta agus bhí fonn ar gach ball bord é a dhéanamh, bhí fonn ar an bhfoireann ar fad é a dhéanamh. Chuireas iarratas féindeartha isteach chuig an bpátrún ar son an bhoird, mé féin agus an cathaoirleach, agus ansan dúirt an pátrún, “tusa an príomhoide, níl tú chun seo a dhéanamh má cheapann tú go bhfuil sé chun díobháil a dhéanamh don scoil” so dúradar “go breá, lean ar aghaidh leis.” Ar shlí, ní fhéadfaidís *no* a rá mar ní raibh ach tuismitheoir amháin [ina aghaidh] agus dúirt sí “níl aon rud agam ina choinne ach tá riachtanais ag m’iníon. Bheinn toilteanach í a bhogadh go scoil eile agus ligint don togra seo dul ar aghaidh más ar son leas na scoile atá sé”

Thosaigh fás ag teacht ar an scoil i ndiaidh an iompair. Cé go raibh an pobal ag titim de bharr gur ceantar tuaithe é bhí ‘daoine ón mbaile mór sásta taisteal isteach... de bharr na Gaelscolaíochta. Arís tá an bus ag freastal ar dhaoine sa tslí sin.’ Go deimhin, is cabhair í an tseirbhís bus agus tá an ceart ag páistí ó lasmuigh den gnáthabhantrach freastal ar an scoil mar gurb í an Ghaelscoil is gaire dóibh í. Measann sí go bhfuil thart ar thrían de na páistí atá ag freastal ar an scoil ón bparóiste áitiúil agus tá go leor páiste ann ó lasmuigh, mar ‘níl an daonra an-mhór.’ Tagann páistí ó Chiarraí Láir, ón gcéad pharóiste eile, ‘tá daoine ag taisteal chun teacht de bharr an Ghaeloideachais.’ Cuireadh naíonra agus seirbhís iarscoile ar bun chomh maith, rud a chabhraíonn leo—‘dheineamar cur chuige iomlánaíoch.’ Ábhar dóchais is ea é, lena chois sin, go raibh páistí ann a d’fhág an scoil agus a bhí tar éis dul go scoileanna eile sásta filleadh ar an scoil i ndiaidh di iompú ina Gaelscoil. ‘Is dócha níos mó ná an Gaeloideachas bhí plean uilescoile againn chun neartú,’ a mhaíonn Ní Luasa.¹⁷⁶

An cheist is suimiúla do lucht labhartha na Gaeilge nó don té atá

ag plé le cúrsaí Gaelscolaíochta, b'fhéidir, ná an bhféadfaí a leithéid a dhéanamh in áit éigin eile? Go dtí seo tharla iompú i Scoil Iognáid i nGaillimh in 1971, i nGaelscoil Iósaf Naofa i gContae an Chláir in 1981 agus i nGaelscoil Thromaíre, Co. Laoise agus Gaelscoil an Teaghlaigh Naofa i gCathair Chorcaí, in 1991 agus 1992 faoi seach.¹⁷⁷

D'fhoilsigh Gaelscoileanna plécháipéis ar theoirpholasaí in 2013 a bhain leis na nithe seo. Forbraíodh polasaí 'chun freastal ar dhá riachtanas éagsúla atá tagtha chun cinn in earnáil an oideachais, eadhon:

an fonn atá ar roinnt scoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla sainmheon teanga na scoile a athrú le feidhmiú mar Ghaelscoil, agus;

an fonn atá ar an rialtas, trí fheidhmiú na Straitéise 20 bliain don Ghacilge, páirt-tumoideachas agus CLIL a spreagadh agus a chur ar fáil i scoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla.^{178 179}

Deir Ní Fhearghusa go mbeadh sé:

suimiúil dá mbeadh treoirilínte ann chun go mbeadh sé soiléir céard a bheadh i gceist chun scoil a iompú ina Gaelscoil, go mbeadh treoirilínte ann chun cabhrú leo, chun tacaíocht a thabhairt dóibh seachas go mbeadh siad ag streachailt ag gach céim den phróiseas, go mbeadh an próiseas tacúil dóibh. Cinnte laghdódh sé cúrsaí airgid ó thaobh na roinne de agus bheadh sé ina bhuntáiste an-mhór, mar ceann de na rudaí a mbeidh an polasaí nua ag féachaint orthu ná conas gur féidir an Ghaelscolaíocht a chur ar fáil do níos mó de mhuintir na hÉireann... braithim go mbeidh meascán den dá rud i gceist [tógáil agus iompú].¹⁸⁰

Seachas Gaelscoil Naomh Séamas féin a d'iompaigh ina Gaelscoil in 2020 agus Bunscoil Synge i lár chathair Bhaile Átha Cliath atá i lár phróiseas an iompair ní heol dom aon cheann eile le blianta beaga anuas. Ar an meán, mar sin, thar chaoga bliain iompaíonn thart ar scoil amháin náisiúnta trí mheán an Bhéarla ina Gaelscoil gach deich mbliain. Rud neamhghnách iad mar sin. Gan amhras, is ionann iad agus líon an-bheag, nó 2.7%, de na 188 nGaelscoil a bunaíodh go dtí seo.¹⁸¹

177 Pléadh formhór na nGaelscoileanna sin cheana, ach féach suíomh Ghaelscoil an Teaghlaigh Naofa le haghaidh eolas ar an scoil sin.

178 Plécháipéis 2013, 1.

179 "Is togra chun an Ghacilge a chur chun cinn i scoileanna Béalra é an Content and Language Integrated Learning (CLIL) trí ábhar áirithe a mhúineadh i nGacilge"

180 Agallamh.

181 Léarscáil idirghníomhach.

Ach bhí samplaí eile síos na blianta nár éirigh leo, an ceann ba dhéanaí, seans, ná i Scoil Náisiúnta Choim Uí Dhuibh, scoil náisiúnta bheag tuaithe a bhí suite lasmuigh den Neidín i ndeisceart Chiarraí. Bhí líon na ndaltaí sa scoil an-íseal ar fad agus rinneadh iarracht an scoil a iompú ina Gaelscoil. Cuireadh fógra sa *Kenmare News* i dtreo dheireadh na bliana 2021 ag iarraidh ar thuismitheoirí teacht i dteagmháil leis an scoil faoin smaoineamh.¹⁸² Ach faoi shamhradh na bliana dár gcionn bhí an scoil féin le cónascadh agus ba léir nár éirigh leis an tionscadal.¹⁸³ Cé nár luaigh sí an scoil féin thug Ní Luasa le fios gur theip ar scoil gar di de dheasca go raibh dúshraith láidir den Ghaeilge agus saineolas ar an tumoideachais in easnamh ann agus ba phlean é chun an scoil a tharrtháil ach gan na nithe áirithe a dteastódh uaidh chun a iompú ina Gaelscoil i gceart.¹⁸⁴

Eisceacht a bhí i nGaelscoil Naomh Séamas ar roinnt cúiseanna mar sin, dár le Ní Luasa. Bhí beirt mhúinteoirí ón nGaeltacht ann, mar shampla, agus bhí sise ina príomhoide a bhí tar éis an M.Ed a dhéanamh agus í oilte ar chúrsaí oideachais. ‘Ní éireoidh leis an rud mura bhfuil eolas éigin ag an bpríomhoide.’ Sa mhullach air sin, deir sí go bhfuil gá le struchtúr a thabharfadh tacaíocht mar go bhfuil sé deacair na céimeanna a aithint. Ní thuigeann cuid mhaith príomhoidí go bhféadfaí a leithéid a dhéanamh, ar sí. Ach ní haon iontas mar nach bhfuil treoir oifigiúil ar fáil. É sin ráite, tá an Roinn Oideachais i dteagmháil léi i rith an ama ‘ag iarraidh í a chuimsiú sa Pholasáí Oideachais Lán-Ghaeilge.’ De bharr nach bhfuil teimpléad ann faoi láthair, ‘níl an roinn ag iarraidh an faomhadh sin a thabhairt gan chruthúnas ann go mbeadh sé chun leanúint ar aghaidh.’ Tá an-chuid comhordú ag teastáil ‘nuair nach bhfuil aon pholasáí ann.’ Ní dhéantar éasca é dó phríomhoidí a mbeadh sé ar intinn acu a leithéid a dhéanamh, arsa Ní Luasa; ‘dheineas teagmháil le rannóga éagsúla agus gheobhainn freagra tar éis roinnt mhaith ríomhphost a chur agus gheobhainn pointe teagmhála eile agus ansan chuirfidís ar aghaidh mé go rannóg eile agus ní raibh aon duine freagrach as. Agus bhíodar ag rá “caithfidh tú déileáil leis an roinn seo nó an roinn siúd” agus bhí anonn agus anall agus sa deireadh d’éirigh liom teacht ar dhuine agus thugadar an *go ahead*.’ Is léir, mar

182 *Kenmare News*, an 19 Deireadh Fómhair 2021

183 Leathanach Facebook Black Valley National School.

184 Ní Luasa 2023.

sin, nach bhfuil rannóg ar leith a phléann leis an iompú, mar ba é an ‘*Schools Capital Appraisal Section*’ a bhfuair sí freagra uathu ar deireadh. Tá aonad don Pholasáí Oideachais Gaeltachta, ach ní bhaineann sé sin leis na scoileanna Béarla. Sa scéim aitheantais don Pholasáí Oideachais Gaeltachta, ‘tá na treoirlínte ann, tá airgead ar fáil do na scoileanna. Bhí ormsa geall is a bheith i mo thaighdeoir chun iniúchadh agus tochailt a dhéanamh ar conas seo a dhéanamh.’ Go deimhin, d’úsáid sí cuid den Pholasáí Oideachais Gaeltachta mar eiseamláir. Rud eile a luann sí a bheadh cabhrach ná painéal a bhunú do sholáthar múinteoirí sna scoileanna a bheadh le hiompú. Mar a deir sí; ‘abair anois go bhfuil scoil i gceantar ar leith agus go bhfuil suim acu seo a dhéanamh agus go bhfuil ceathrar oidí sa scoil, bheadh sé an-deacair ar fad an ceathrar ar fad a fháil chun a aontú “*oh yeah*, ba chóir dúinn é seo a dhéanamh.” Ba chóir go mbeadh saghas *panel system* éicint ann go bhféadfaí a mhalartú, go mbeadh múinteoir i scoil éigin eile sásta malartú, go mbeadh córas éicint aitheanta ann go mbeadh sé sin indéanta.’ Agus an Polasaí Oideachais Lán-Ghaeilge á fhorbairt, tá seans arsa Ní Luasa, go gcuimseofar na bearnaí sin a luann sí, mar ‘tá spéis acu.’¹⁸⁵

Chuir sí an polasaí isteach do Gaelscoil Naomh Séamas i Márta 2020 ‘díreach nuair a bhí Covid ag tosú... bhí sé deacair cinnte, ach tharla sé agus d’éirigh linn. Tá fianaise ann don Roinn Oideachais gur éirigh linn mar scoil. Tháinig naonúr i mí Mheán Fómhair 2020, an chéad bhliain, tháinig ceithre dhuine dhéag in 2021/2022 agus measann sí go dtosóidh ceithre dhuine dhéag arís in Meán Fómhair 2023, i gcomparáid ‘le duine nó beirt’ in aghaidh na bliana a bhí ann roimhe sin. Ní raibh ach deichniúr ann in 2020 agus tá breis agus daichead ann anois dhá bhliain ina dhiaidh sin. ‘Nuair a théann tú isteach sa seomra ranga anois, seomra na naíonán, tá Gaoluinn le cloisint, tá líofacht forbartha. Beidh Gaoluinn sa cheantar seo de bharr an ruda a dheineamar,’ arsa Ní Luasa go bródúil.¹⁸⁶

185 *Ibid.*

186 Agallamh.

CAIBIDIL 10:

GAELSCOIL LIR, 2021

BA É AN TAIRE OIDEACHAIS JOE MCHUGH, Fine Gael, a d'fhógair go n-osclófaí Gaelscoil Lir siar in 2019, mar aon le Gaelscoil amháin eile i nDeisceart Bhaile Átha Cliath. Léirigh tús na scoile an iomaíocht a bhí idir Ag Foghlaim le Chéile agus earnáil na Gaelscolaíochta, mar a léiríodh i nDroim Conrach cheana le blianta beaga roimhe sin. Go luath i ndiaidh do McHugh an dea-scéal a fhógairt, scríobh Ag Foghlaim le Chéile chuig an Roinn Oideachais. Mar a dúirt an eagraíocht Misneach ag an am, ‘seachas fáiltiú leis an gcinneadh, mar a dhéanfadh fioreagraíocht ilchultúrtha, chuireadar [achomharc] ina choinne.’ An chúis a bhí leis an achainí i bhfocail Ag Foghlaim le Chéile, mar a dúirt Misneach, ná ‘go ndéanfadh dhá Ghaelscoil bhreise i gContae Bhaile Átha Cliath bac a chur ar thuismitheoirí a “rogha oideachais” a dhéanamh dá gclann.’¹⁸⁷ Níor éirigh leis an achomharc agus d’oscail Gaelscoil Lir i mbéal na paindéime i Meán Fómhair na bliana 2021.

Is í Sinéad Bheilbigh, bean Ghaeltachta as Ros Muc, céad phríomhoide na scoile. Ní raibh sé ar intinn aici a bheith ina príomhoide ri-amh, a deir sí, ach thapaigh sí an deis fostaíochta mar go mbeadh sí in ann ‘tosú ón tús, bheadh mé in ann mo stampa féin a chur air agus fás leis an scoil.’ Agus an córas athraithe ón am a raibh líon áirithe daltaí de dhíth chun scoil a bhunú is cosúil gur baineadh cineál de phreab as Bheilbigh agus í ag tosú. ‘Nuair a fuair mé an post ní raibh mé cinnte cé mhéad dalta a bheadh cláraithe,’ ar sí, ‘ach cheap mé go mbeadh níos mó ná duine amháin cláraithe.’ Bhí ‘cúpla duine’ tar éis léiriú suime a chur isteach ach fuair siad áiteanna i scoileanna eile.¹⁸⁸ Chuir Conradh na Gaeilge gníomhaire amach lá amháin chun spéis sa scoil a spreagadh.¹⁸⁹ Ach fágadh ualach na hoibre do Bheilbigh agus í gan coiste tacaíochta mar a bhí siar sa stair; ‘thug mé amach 1,000 bileog sa cheantar... [in] 2021 nuair a bhí an aimsir te bheadh mé ag siúl thart ar an gceantar ag ceapadh an raibh mé as mo mheabhair, céard atá mé a dhéanamh anseo.’ Dhírigh sí ar Iarthar na Cathrach agus Teach Sagard agus í i mbun feachtais; ‘aon áit a raibh mé in ann teacht ar dhoras

¹⁸⁷ Misneachabu.ie, an 27 Samhain 2019.

¹⁸⁸ Bheilbigh 2023.

¹⁸⁹ Fianaise an údair.

chuaigh bileog isteach ann agus bheadh mé ag bualadh ar na doirsí. Bhí mé idir duine díolachán agus polaiteoir an samhradh sin.’ Cuireadh fearadh na fáilte roimpi agus bhí suim ag daoine sa scoil, ar sí, ‘ach ní raibh a fhios ag daoine go raibh scoil ann nó scoil ag oscailt.’ Chinn sí ar líon áirithe páistí a chlárú mar sprioc, mar a mhíníonn sí; ‘dúirt mé liom má tá cúigear páiste againn beidh muid in ann na doirse a oscailt. Agus bhí cúigear againn nuair a d’oscail na doirsí. Sin é.’ D’éirigh léi, i ndiaidh troda, cúntóir riachtanais speisialta a fháil mar go bhfuil uathachas ar dhuine de na páistí. Chaith sí féin agus an cúntóir an bhliain 2021–2022 ag obair sa scoil, rud a bhí dúshlánach go leor de bharr na paindéime COVID. Agus, anuas air sin, bhí ar Bheilbigh dul sa tóir ar throscaín agus ar stáiseanóireacht, mar nach raibh ‘tada ann’ nuair a thosaigh sí.¹⁹⁰

An ghné is suntasaí de Ghaelscoil Lir ná go bhfuil fealsúnacht an ilchultúrachais i réim ní hamháin i dtaobh na hidé-eolaíochta, mar atá i go leor Gaelscoileanna, ach go bhfuil líon an-ard de dhaltáí ó chúlraí éagsúla eitneacha ag freastal ar an scoil. Tá Gaelscoil Lir ‘eisceachtúil’ de bharr na déimeagrafaíochta sa cheantar dar le Bheilbigh. Tá sé pháiste is fiche sa scoil agus is é an Béarla an dara teanga ag 40% díobh. ‘Níl a fhios agam an bhfuil aon Ghaelscoil sa tír leis an bhfigiúr sin acu,’ ar sí. Is ina gcónaí sa cheantar máguaird atá formhór na bpáistí agus ó thíortha cosúil leis an bPolainn, an Rómáin, an Úcráin agus an Nigéir iad. Mar a mhíníonn Bheilbigh:

An cineál fis atá ag an bhForas Pátrúnachta don scoil seo, agus atá agam sa don scoil ná go mbeadh scoil ilchultúrtha againn. An rud atá mé a iarraidh i gceann deich mbliana ná go mbeadh mé ag siúl thart sa cheantar agus Gaeilge a chloisteáil agus is cuma cárb as na tuismitheoirí go mbeadh Gaeilge líofa ag aon pháiste atá á hiarraidh... Bhí mé ag labhairt le daoine ón India agus ón bPacastáin—tá slua mór ina gcónaí sa gceantar seo—agus bhí mé ag iarraidh iad a mhealladh isteach agus a rá “*look*, is rud iontach é do do pháiste” agus na buntáistí a bhaineann le líofacht sa nGaeilge agus a bheith páirteach i gcultúr na Gaeilge agus an saibhreas sin ar fad.

Bíonn deacrachtaí áirithe ag baint le daoine as tíortha eachtranna-cha a mhealladh, áfach. Cuid de na tuismitheoirí a labhraíonn Bheilbigh leo bíonn suim acu sa Ghaelscoil, ‘ach ó thaobh oideachas fadtéarmach na bpáistí tá cineál *hard sell* ann mar tá siad ag smaoineamh “níl a fhios

190 *Ibid.*

agam an mbeidh mé in Éirinn go deo, an mbeidh mo pháistí anseo go deo, an mbogfaidh muid go Ceanada i gceann deich mbliana agus cén mhaith an Ghaeilge ansin nuair atáimid i dtír eile.’ Bíodh sin mar atá, tá neart scéalta dearfacha aici. I gcás amháin ‘bhí buachaill beag... agus is as an Nigéir dá mháthair agus... labhair sise an t-uafás teangacha ina tír féin. Ní Béarla an chéad teanga a bhí aici. Thuig sí an argóint agus an maitheas a bhí [sa Ghaelscoil].’ De bharr an chogaidh san Úcráin agus Ionad Teifeach Iarthar na Cathrach a bheith buailte ar leac dhoras na scoile nach mór is as an Úcráin os cionn trian, nó 34%, de dhaltaí na Gaelscoile. Deir Bheilbigh go bhfuil siad ‘go hiontach’ ag sealbhú na Gaeilge agus bá ag a dtuismitheoirí don teanga:

Tá cailín beag i mo rang, bhí muid ag léamh leabhair an lá cheana agus bhí tubaiste sa leabhar agus dúirt sí “go bhfóire dia orainn” agus tá sí linn ó mhí Aibreán. Agus bhí mé ag iarraidh rud éigin a mhíniú dá máthair agus ní thuigeann sí Béarla, *so* labhair mé Gaeilge leis an gcailín, d’áistrigh sí é go dtí an Úcráinis, *so* tá siad iontach. Tá tuismitheoirí eile in ann a fheiceáil “bhuel ní as Éirinn na tuismitheoirí sin agus na páistí in ann teacht ar an teanga”... fuair mé ríomhphost inné ó tuismitheoirí ón Úcráin... dúirt mo dhuine “is múinteoir Béarla mé san Úcráin, táim ag iarraidh mo pháiste a chur chuig do scoil.” Agus dúirt mé “sin go breá, fadhb ar bith, beidh míle fáilte romhat” agus dúirt sé “*is it through Irish only*,” agus dúirt mé “*it is through Irish but* beidh do pháiste líofa sa dá theanga ag teacht amach as an rud.” *And I said*, “tuingimid coilíneachas agus an rud a tharla daoibhse, tharla sé dúinne in Éirinn thar na blianta.” Agus bhí sé fós sásta na páistí [a chur chun na scoile]. Tá siad ag teacht i mí Meán Fómhair.¹⁹¹

Bogadh cuid de na hÚcránaigh ar aghaidh go ceantair eile sa stát, ach d’fhan cuid acu agus teastaíonn uathu go mbeadh an Ghaeilge ag a bpáistí, a deir sí. ‘Feiceann siad an Ghaeilge mar an Úcráinis,’ ar áitíonn Bheilbigh, ‘agus an Béarla agus an Rúisis mar an gcéanna agus is cineál acht réabhlóideach dóibh, ar bhealach, an Ghaeilge a mhúineadh do na páistí, gur mionteanga a bheas na páistí a fhoghlaim—agus an Béarla—ach feiceann siad an tábhacht atá ag mionteangacha.’

Nuair a cuireadh Bheilbigh faoi agallamh bhí gluaiseacht chiníoch shóisialta tar éis éirí in airde ó thús 2023 a chuir agóidí ar bun ar fud an stáit. Eagraíodh agóid amháin ar an 18 Eanáir, lasmuigh den Ionad Teifeach in Iarthar na Cathrach, áit ar bhailigh slua a bhí i gcoinne na

191 *Ibid.*

dteifeach agus frith-agóid a chuir fáilte rompu.¹⁹² Deir Bheilbigh nár chuala sí na páistí ná na tuismitheoirí ag caint faoin agóid. ‘Tá siad chomh buíoch as an bhfáilte agus tá siad sásta go bhfuil siad anseo agus mothaíonn siad sábháilte agus mothaíonn siad go fáilte rompu.’ Ní raibh aon rud acu agus iad ag teacht ach na héadaí orthu. Chabhraigh an scoil agus an pobal agus roinnt gnólachtaí áitiúla trealamh scolaíochta agus nithe eile a chur ar fáil dóibh.

Tagraíonn Bheilbigh don mheon comhoibritheach atá le brath idir í féin, an Foras Pátrúnachta agus lucht na Gaelscolaíochta agus na Gaeilge sa cheantar chomh maith. Molann sí an Foras Pátrúnachta as an eispéireas dearfach a bhíonn aici leo. ‘Tá sé cosúil le clann *really* i gcomparáid le pátrúin eile. Agus fiú na daoine a mbím ag plé leo sa bhForas, d’fhéadfá glaoch orthu lá nó oíche agus tá siad ann chun tacú leat.’ Cabhraíonn Gaelscoil Chluain Dolcáin leo agus tá siad ag roinnt múinteoir tacaíochta foghlamtha leo. Bíonn cabhair le fáil ó na Gaelscoileanna i Leamhcán chomh maith. ‘Faigheann tú an oiread sin tacaíochta ó na scoileanna eile,’ arsa Bheilbigh, ‘tá grúpa WhatsApp againn do phríomhoidí ar fud na tíre agus má tá ceist ag éinne tarraingíonn gach duine le chéile.’ Tá nasc ag an scoil leis na Gaeil Óga agus tagann oifigeach forbartha cluichí na heagraíochta, Ailbhe Ní Riain, chun na páistí a thraenáil. Sa mhullach air sin, fuair Gaelscoil Lir ‘an t-uafás... acmhainní foghlamtha’ ó COGG, Glór na nGael, Foras na Gaeilge agus iad ag oscailt ‘nuair nach raibh tada againn.’

Dúshlán mór, mar sin féin, ná ceist an tsoláthair múinteoirí. Tuairiscíodh in *ExtraG.ie* in Aibreán 2023 go raibh an ghéarchéim tithíochta agus cíosanna arda ag cruthú deacrachtaí earcaíochta do Choláiste Ráithín i mBré.¹⁹³ Cé gur éirigh léi beirt mhúinteoirí, duine as Baile Átha Cliath agus duine eile as Muineachán, a fhostú, tá an fhadhb chéanna ag Bheilbigh. Tá post mar mhúinteoir tacaíochta teanga ann nach bhfuil líonta aici. Agus, mar a deir sí:

Bhí mé ag caint le duine amháin atá ina múinteoir bunscoile a bhfuil Gaeilge líofa aici agus bhí sise ag rá go raibh aithne aici ar dheichniúr a bhfuil Gaeilge líofa acu a bhí ag bogadh chun na hAstráile. Sin daoine a bheadh ag obair anseo nach bhfuil ar fáil. Tá siad sna tríochaidí, tá siad fós ina gcónaí sa bhaile agus ní féidir leo fanacht leis na tuismitheoirí go deo. Bhí orthu cin-

192 *The Echo*, an 3 Feabhra 2023.

193 *ExtraG.ie*, an 9 Aibreán 2023.

neadh a dhéanamh agus bogadh. Tá imní ormsa nach dtiocfaidh siad ar ais mura bhfuil feabhas ar rudaí. Agus ansin fiú daoine ó Ghaillimh agus ó Chiarraí, áit a mbeadh Gaeilge, níl siadsan in ann bogadh suas mar ní hamháin go bhfuil an cíos chomh hard sin ach nach bhfuil siad in ann teacht ar áit.

Tá cúrsaí cóiríochta na scoile gan réiteach go fóill. Tá an scoil suite ar láthair a tógadh le linn ré an Tíogair Cheiltigh agus a bhí le bheith ina ionad siopadóireachta agus ionad foghlama don Bhéarla. Bhí sé folamh ar feadh tamaill ach rinneadh athchóiriú air in 2021. Bhí Bheilbigh ag súil go dtógfaí an Ghaelscoil ar láthair carrchlóis atá i ngaireacht don Ghaelscoil. Bhí sí ag fanacht ar an bpróiseas tairiscintí a bheith curtha i gcrích agus súil acu go mbeidh foirgneamh ceart acu i gceann bliana nó dhó, agus beidh an seanfhoirgneamh le leagan. Beidh Coláiste Pobail Fóla, an scoil Ag Foghlaim le Chéile, a bunaíodh in 2020, agus an Ghaelscoil ar an láthair chéanna.¹⁹⁴ I Márta 2023 ba bheag nár cuireadh na pleananna sin go tóin poill. D'fhógair an Roinn Oideachais go gcuirfí stad le hobair thógála ar ocht scoil is caoga de bharr 'brú a bhí orthu i dtaobh maoiniú caipitil' ón Roinn Caiteachais Phoiblí. Bhí cúig Ghaelscoil, agus Gaelscoil Lir ar cheann acu, i measc na scoileanna sin. Dúirt Caoimhín Ó hEadhra, Ard-Rúnaí an Fhorais Pátrúnachta, pátrún na scoileanna, go raibh 'an-díomá' orthu faoin gcinneadh.¹⁹⁵ Roinnt seachtainí ina dhiaidh sin, agus i ndiaidh stocaireacht a dhéanamh agus scéal a dhéanamh de ar na meáin, athraíodh an cinneadh. Dheimhnigh an tAire Oideachais Norma Foley go raibh 'réiteach faighte' ar an stad a bhí curtha ar mhaoiniú le tabhairt faoi thograí tógála na scoileanna.¹⁹⁶

Tá Bheilbigh dóchasach faoin todhchaí agus fíis aici do Ghaelscoil Lir agus don cheantar máguaird. Luaigh sí go mb'fhéidir go mbeadh suim ag an bpríomhoide i gColáiste Pobail Fóla atá ar an láthair chéanna le Gaelscoil Lir aonad Gaeilge a bhunú. Tá áiteanna ag na páistí le dul ar nós Choláiste de hÍde nó Choláiste Chilliaín. 'Táimid ag fás de réir a chéile,' ar sí, agus 'ar deireadh is dócha go mbeidh 450 páiste sa scoil. An bhliain seo chugainn is dócha go mbeidh fiche páiste sna naíonáin bheaga.' Breathnaíonn sí ar an méid atá ar bun aici mar 'acht réabhlóideach.' I gceann deich mbliana, an rud atá uathu ar sí, ná 'ní

194 Bheilbigh 2023.

195 *Tuairisc.ie*, an 13 Márta 2023.

196 *RTÉ.ie*, an 5 Aibreán 2023

hamháin go bhfuil muid ag múineadh Gaeilge do na páistí, ach táimid ag múineadh Gaeilge do gach páiste agus ó thaobh féiniúlacht daoine atá ag teacht isteach sa tír go mbeidh siadsan in ann a rá “is Éireann-aigh muid, tá Gaeilge agamsa, is liomsa an tír seo chomh maith agus is liomsa an teanga.” Sin an chaoi go mbreathnaíonn muidne air agus muid i mbun ár gcuid oibre.’ Cuireann Bheilbigh clabhsúr lena gcuid machnaimh trí chomparáid a dhéanamh idir na Gaelscoileanna a bunaíodh ó na 1970dí-2000tí agus na cinn a bunaíodh le deich mbliana anuas:

Tá sé go hiomlán difriúil a bheith ag bunú Gaelscoile anois i gcomparáid le deich mbliana ó shin. Roimhe seo bhí coiste na dtuismitheoirí ann, bord bainistíochta ann, troscáin ordaithe acu, ach bhí mise ar an taobh eile ar fad. Ní raibh tada ann, ní raibh bord bainistíochta ann. Ní raibh eochracha agam, bhí muid díreach ag tosú, ní raibh páistí agam. Bhí sé éagsúil ón gcaoi a raibh sé. Bheadh sé iontach dá mbeadh Gaelscoil i ngach ceantar. Mar fiú táimid sa gceantar seo agus tá daoine ó gach tír sa gceantar agus shílfeá nach mbeadh an oiread sin suime ann. Ach má chruthaíonn tú é, *you know, build it and they will come*, sin é an rud.¹⁹⁷

197 Bheilbigh 2023.

CAIBIDIL 11:

AN FORAS PÁTRÚNACHTA LE BLIANTA BEAGA ANUAS

CÍORADH LUATHBHLIANTA an Fhorais Phátrúnachta cheana. Tá athruithe suntasacha tagtha ar an eagraíocht ó na 1990í agus é anois ag freastal ar réimsí breise cé is moite de phátrúnacht a bhaisteadh ar scoileanna atá i mbun próiseas bunaithe. Bhí lámh ag an bhForas Pátrúnachta i mbunú cuid mhór de na Gaelscoileanna a pléadh sa rannóg seo go nuige seo. Tá seisear ball foirne ag an eagraíocht i láthair na huaire agus iad ag plé le gnéithe éagsúla den eagraíocht: Cormac McCashin (bainisteoir tacaíochta); Tomás Ó Póil (bainisteoir oiliúna); Siobhán Ní Dhúill (bainisteoir cóiríochta); Jill McMahon (bainisteoir cumarsáide); Sorcha Ní Mhistéil (bainisteoir sainspioraid agus athchumraithe), agus is é Caoimhín Ó hEaghra an t-adrúnaí.

Is as an gCeathrú Rua Ó hEaghra agus d'fhreastail sé ar bhunscoil agus ar iar-bhunscoil ann sna 1970í. Bhí an teanga faoi bhrú an tráth sin, dár leis, de bharr ghradam an Bhéarla sa chomhthéacs eacnamaíoch. Toradh amháin a bhí air sin ná gur ghlac tuismitheoirí ‘cinneadh’ páistí ar an gCeathrú Rua a thógáil le Béarla. I gclós agus seomra ranga scoil Uí Eaghra, bhí an choimhlint teangeolaíochta sin le brath. I ndiaidh dó an iar-bhunscoil a fhágáil chuaigh Ó hEaghra go Coláiste Phádraig i mBaile Átha Cliath, áit ar cháiligh sé mar mhúinteoir. Ba i nGaelscoil an Duinnínigh, Mullach Íde, a chaith sé a chéad tréimhse mhúinteoireachta. Chaith sé sealanna chomh maith i scoileanna Béarla, agus, ina dhiaidh sin, mhúin sé i scoileanna i nGaeltacht Chonamara agus ar na hoileáin. Chuaigh sé ag obair le seirbhís tacaíochta na Roinne Oideachais agus chonaic sé an obair a bhí ar bun ag Gaelscoileanna, rud a chothaigh ‘an-suim agus an-bhá’ leo. Chuaigh sé ar ais ar an ollscoil ansin agus i ndiaidh dó cháilíocht bhreise a bhaint amach fuair sé post leis an bhForas Pátrúnachta in 2009.¹⁹⁸

Fiafraíodh de faoin gconstaic is mó roimh fhás na hearnála faoi láthair. Creideann Ó hEaghra gur thosaigh an roinn ‘ag cur srian ar bhunú Gaelscoileanna’ roimh dó teacht isteach san Fhoras Pátrúnachta. Ó 2011 i leith, ‘thosaigh an córas seo ag teacht i bhfeidhm, nach mbunófaí aon Ghaelscoil eile gan é ag teacht ón roinn, gan iadsan ag

¹⁹⁸ Agallamh le Ó hEaghra.

rá go raibh gá leis de bharr fhás an daonra.’ Ón gcéad lá, a deir Ó hEaghra, chuir an Foras Pátrúnachta agus Gaeloideachas in iúl don roinn ‘nár fheil an córas seo do chur chun cinn na scoileanna lán-Ghaeilge.’ Déanann Ó hEaghra tagairt don iomaíocht atá mar chuid den phróiseas sin ina gcuirtear na pátrúin éagsúla in iomaíocht le chéile nuair atá scoil nua á bunú i gceantar áirithe. Bíonn an bua ag an bpátrún ag a bhfuil an líon is mó tuismitheoirí a thacaíonn leo, agus dá bharr sin ‘ní haon iontas é, má théann tú isteach i gceantar ar bith go mbeidh tromlach na ndaoine ag lorg scoil Bhéarla.’¹⁹⁹ Níor ghlac an roinn le hachainíocha an Fhorais faoi fheiliúnacht an chórais úd agus b’éigean don Fhoras feidhmiú laistigh den chóras. I dtaobh na gcomórtas de, d’éirigh leis an bhForas iad a bhuachan ó am go chéile i gceantair ina raibh ‘iarsmaí de choisti’ ag feidhmiú cheana ‘a bhí in ann tacaíocht láidir [a léiriú].’ Ach tríd is tríd, sna próisis phátrúnachta léiríodh go raibh thart ar fhiche a cúig faoin gcéad de thuismitheoirí tacúil le hiarratas ar Ghaelscoil, rud a thagann, dár ndóigh, le suirbhéanna a deineadh ag leibhéal an stáit.²⁰⁰ Níor leor sin chun an bua a fháil i bhformhór na gcásanna toisc an dream ar theastaigh Gaelscolaíocht uathu a bheith ina mionlach agus lean an Foras Pátrúnachta ar aghaidh leis an ngearán.

Ba chás eisceachtúil an méid a tharla i nDroim Chonrach agus Marino, áit a raibh éileamh ollmhór ann ar Ghaelscoil. Mar sin féin, bhí Ag Foghlaim le Chéile láidir go leor chomh maith, agus chaill an Foras Pátrúnachta an vóta (pléifear seo níos mine sa chéad chaibidil eile). Tógadh córas nua isteach i ndiaidh 2018 a gheall go mbeadh Gaelscoil nua in aon cheantar ina bhfuil scoil le tógáil ach nach bhfuil Gaelscoil ann cheana. Is éard a chiallaíonn sé seo ná nach bhfuil ‘aon scoil nua á hoscailt anois... más féidir leo [is é sin an roinn] éalú ó scoil nua a bhunú, déanfaidh siad é sin,’ a mhaíonn Ó hEaghra. Nuair is gá do thuismitheoirí a mianta a chur in iúl, téann siad ar shuíomh gréasáin na roinne, rud nach bhfuil ‘orgánach’ mar a bhí tráth ar tháinig ‘cnuasach tuismitheoirí a bhfuil suim acu go n-éireoidh leis an scoil.’ Tá suil ag Ó hEaghra go dtabharfar aghaidh ar an modh pátrúnachta ‘mí-éifeachtach’ seo sa Pholasáí don Oideachas Lán-Ghaeilge.²⁰¹

199 Agallamh.

200 Merike Darmody agus Tania Daly, ‘Attitudes towards the Irish Language on the Island of Ireland,’ Foras na Gaeilge, 2015.

201 Agallamh.

Déanann Ó hEaghra tagairt chomh maith don phleanáil agus an nasc idir leibhéal na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta. ‘Tá an stát anois ag caint ar 20% [d’earcaithe chuig an Earnáil Phoiblí] a bheith inniúil sa Ghaeilge. Ach cá bhfuil siad chun teacht as?’ ‘Níl sé sách maith,’ arsa Ó hEaghra, ‘oideachas a chuir ar dhaoine óga go dtí rang a 6, agus faillí a dhéanamh orthu ina dhiaidh sin.’ Ba chóir ‘cnuasaigh’ de Ghaelscoileanna a phleanáil sa cheantar céanna chun go mbeadh go leor daltaí ag dul ar aghaidh go Gaelcholáistí. Tá ‘í bhfad níos mó fadradharcachta’ de dhíth ón roinn don Ghaelscolaíocht trí chéile. Cén fáth nach bhfuil an fadradharcacht agus an phleanáil sin ar son na Gaeilge agus na Gaelscolaíochta ag tarlú sa roinn? ‘Tá sé deacair a rá,’ a deir Ó hEaghra. ‘Tá tú in ann daoine atá báúil a fháil taobh istigh den roinn... ach ó thaobh na Gaeilge de... sin é an fáth go bhfuilim ag rá go bhfuil tábhacht leis an bPolasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge. Na státseirbhísigh, má ghlactar leis mar pholasaí, cuireann siad i bhfeidhm é.’ Fághtar an t-ualach ar thuismitheoirí a bheith ag agóidíocht, seachas straitéis a chur le chéile a d’fhásfadh an earnáil. ‘Níl sé sách maith é a fhágáil higgeldy piggeldy. Caithfidh an rud seo a bheith straitéiseach. Caithfidh an roinn a bheith ar bord agus suí síos agus a rá, “aontaíonn muid le soláthar oideachais lán-Ghaeilge, agus aontaíonn muid leis an gceart, agus dá bhrí sin táimid chun a chinntiú go bhfuil sé ar fáil, agus seo an bealach chun é a dhéanamh go straitéiseach.”’²⁰²

Agus é ag trácht ar pholasaí an athchumraithe deir Ó hEaghra go bhfuil an roinn ag obair ‘go dian’ ar an bpolasaí go mbeidh 400 bunscoil ilchreidmheach ann sa stát roimh an bhliain 2030. Chuir an roinn suirbhé thart ar na bunscoileanna le linn 2024, ag fiosrú do thuismitheoirí ar theastaigh uathu pátrúnacht bhunscoil a bpáistí a athrú.²⁰³ ‘Tá an cheist curtha againn go minic, cén fáth nach bhfuil polasaí ann go mbeidh 400 bunscoil lán-Ghaeilge ann faoi 2030?’, arsa Ó hEaghra. An freagra a thug an roinn ná gur theastaigh uathu an ceistneoir a choinneáil dírithe ar cheist an reiligiúin, ach níor dhiúltaigh siad don iarratas go mbeadh suirbhé faoin nGaelscolaíocht ann amach anseo.²⁰⁴

I ndeireadh na dála, dár le hÓ hEaghra, ní hé an eaglais atá ag

202 Agallamh.

203 *Irish Times*, an 9 Meán Fómhair 2024.

204 Agallamh.

seasamh i gcoinne an athchumraithe, óir tá sé curtha in iúl ag an Ard-Easpag Diarmaid Martin go gceapann sé go bhfuil an iomarca scoileanna faoi phátrúnacht na hEaglaise Caitlicí. Is i measc na dtu-ismitheoirí atá an freasúra. “Tá sé deacair iarraidh ar phobal ar bith an status quo a athrú. Bíonn daoine ag rá “tá muid ag iarraidh scoil ilchreidmheach,” ach nuair a thagann sé go dtí “Scoil Mhuire” a aistriú isteach ina scoil ilchreidmheach ní bhíonn daoine ag iarraidh a scoil féin a athrú. Tuigim é sin. Tá sé casta.”²⁰⁵

Advanced Review Copy

205 Agallamh.

CAIBIDIL 12:

**AN GHAELSCOLAÍOCHT LE BLIANTA BEAGA
ANUAS SNA SÉ CHONTAE FICHEAD, 2018-2023**

TÁ CUID MHAITH DE NA DÚSHLÁIN a bhí ag crá lucht na Gaelscolaíochta nuair a tháinig an ghluaiseacht ar an bhfód ar dtús fós ina bhfadhb. Tá go leor Gaelscoileanna fós i gcóiríocht réamhdhéanta. I nGaelscoil Chnoc na Ré i Sligeach, mar shampla, tá sé bliana caite acu i gcóiríocht shealadach agus beidh roinnt blianta eile ann sula mbeidh foirgneamh atá in oiriúint don oideachas san aonú haois is fiche ag an nGaelscoil.²⁰⁶ I nGaelscoil Pheig Sayers tá an scoil tar éis bogadh thart ó áit go háit agus gan foirgneamh buan ann fós i ndiaidh ceithre bliana is tríocha.²⁰⁷ I mí an Mhárta 2023 chuir an Roinn Oideachais an Foras Pátrúnachta ar an eolas go mbeadh moill ar chúig thogra tógála: Gaelscoil an Inbhir Mhóir; Gaelscoil na gCeithre Máistrí; Gaelscoil Lir, Gaelscoil Phádraig, agus Gaelscoil Eoin. I dteannta na gcúig Ghaelscoil bhí cinn áirithe ag fanacht os cionn tríocha bliain ar fhoirgneamh.²⁰⁸ D'fhógair an roinn go gcuirfí na tograí ar athlá, mar aon le trí scoil is caoga eile nach Gaelscoileanna iad, de bharr srianta ar chaiteachas a bheartaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí air. Ach, mar a luadh thuas, i ndiaidh do na scoileanna achainí a dhéanamh ar an roinn agus scéal mór a dhéanamh de sna meáin aisiompóidh an cinneadh faoi mhí Aibreáin 2023.²⁰⁹ Thuar an rialtas cúpla seachtain ina dhiaidh sin go mbeadh farasbarr €16 billiún ag an stát le linn 2024.²¹⁰

Meastar go bhfuil fadhb an tsoláthair múinteoirí imithe in olcas le blianta beaga anuas. Ar an lámh amháin, mar a luaigh Sinéad Bheilbigh thuas, tá laigí bonneagair (tithíocht, go príomha) ag feidhmiú in éadan an earcaithe, ach go háirithe sna cathracha móra. Ach, anuas air sin, deir roinnt mhaith príomhoidí nach bhfuil go leor spásanna ar na cúrsaí tumoideachais sna coláistí. ‘Ba chóir an líon atá á oiliúint acu a ardú... ceithre nó cúig huaire,’ arsa Cathnia Ó Muircheartaigh, Uachtarán Gaeloideachas ó 2014-2016, ‘ní leor deich n-áit bhreise nó

206 Agallamh le Mícheál Ó Broin.

207 Agallamh le Adrian Breathnach.

208 *Irish Independent*, an 9 Márta 2023.

209 *RTE News*, an 5 Aibreáin 2023.

210 *Irish Times*, an 18 Aibreáin 2023.

fiche áit bhreise a chur ar fáil.’ Níl líon sách sásúil múinteoirí a bhfuil cumas ard sa Ghaeilge acu á gcáiliú ag na coláistí oiliúna ach oiread arsa Ó Muircheartaigh:

Tá géarghá le breathnú ar chaighdeán Gaeilge na múinteoirí agus b’fhéidir iad a chumasú ar shlí éigin chun cúrsaí a dhéanamh chun uas-sciliú a dhéanamh orthu féin. Mar tá gá le gach aon mhúinteoir ag an iar-bhunleibhéal. Feiceann tú é sna hiarratais atá ag teacht isteach. Tá drogall ar roinnt daoine cur isteach ar na jabanna. Tá trí jab oscailte againne faoi láthair. Is gá dúinn daoine a mhealladh isteach san earnáil, daoine atá cumasach, atá díograiseach ó thaobh na teanga de agus go bhfuil Gaeilge acu.²¹¹

Is é príomhdhúshlán na hearnála, i láthair na huaire, dár le Bláthnaid Ní Ghréacháin ná a laghad Gaelcholáistí neamhspleácha atá á mbunú. Tá cúrsaí ag leibhéal na hiar-bhunscoile ‘i bhfad níos casta,’ ar sí, agus córas ‘*first past the post*’ á chur i bhfeidhm ag an roinn. ‘Níl an roinn sásta aitheantas a thabhairt go bhfuil páistí a bhfuil iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge uathu i dteideal a bheith i scoil neamhspleách, scoite, lán-Ghaeilge,’ arsa Ní Ghréacháin. Ní dóigh léi ‘gur féidir a rá go bhfuil an roinn ag tacú leis an tumoideachas ag an iar-bhunleibhéal faoi láthair,’ rud atá ‘réasúnta tromchúiseach.’²¹² Tá aonaid á mbrú ag an roinn mar réiteach ar fhadhb an tsoláthair Gaelcholáistí, ach, mar a mhaíonn Dónal Ó hAiniféin, is éard atá sa rogha idir Gaelcholáiste agus aonad ná ‘rogha idir ard-chaighdeán agus íos-chaighdeán.’²¹³ An meon atá ag an roinn ná gur ‘*startup*’ atá sna haonaid arsa Ní Ghréacháin agus go dtabharfar tacaíocht dóibh nuair a léiríonn siad go bhfuil siad inbhuanaithe.²¹⁴

Ach fáinne fí atá ann má tá aonad ann seachas Gaelcholáiste neamhspleách, mar a mhíníonn Ó Muircheartaigh. De bharr gur aonad atá i gColáiste Pobail Osraí ní bhíonn ‘an trasnaíl ón nGaelscoil go maith.’ Bíonn ‘an t-ádh’ ar an aonad 50% de pháistí na Gaelscoile a fháil agus ag pointe amháin ní raibh ach an cúigiú cuid de na daltaí ag dul ar aghaidh chuig an aonad lán-Ghaeilge.²¹⁵ Tá forbairt na nGaelcholáistí maolaithe go maith arsa Ó Muircheartaigh:

211 Ó Muircheartaigh 2022.

212 Ní Ghréacháin 2022.

213 Ó hAiniféin 2021.

214 Agallamh.

215 Ó Muircheartaigh 2022.

Thosnaíomar in 1990, thosnaigh Gaelcholáiste Cheatharlach in 1991. B'in na [Gaelcholáistí] deiridh a bunaíodh, seachas cúpla ceann faoin tuath agus i mBaile Átha Cliath b'fhéidir—Coláiste an Phiarsaigh—agus cúpla ceann eile mar sin is dóigh liom. Bunaíodh go leor aonad ina dhiaidh sin gur theip orthu toisc nach raibh an struchtúr ceart acu is dócha. Tá gá le féachaint air sin, conas a fhorbraíonn sé? Conas a thagann sé le chéile? Thosnaíomar le triúr déag. Bheimis tar éis dul ó neart go neart, ach toisc gur aonad a bhí ionann thóg sé blianta ina dhiaidh sin gur thosaíomar ag fás...²¹⁶

Tá Jacqueline Ní Fhearghusa den tuairim gur dul chun cinn éigin a bheadh ann dá leagfaí síos critéir shoiléire do na haonaid. Mar shampla, braitheann sé ar an gceantar an bhfuil sé mar aidhm nó nach bhfuil ag na haonaid forbairt isteach i nGaelcholáistí neamhspleácha. Tá cúpla aonad sa Ghaeltacht agus ní bheidís in ann fás de bharr bhánú na tuaithe ach, mar a áitíonn Ní Fhearghusa, 'cinnte tá aonaid áirithe ann a bhfuil sainmheon agus féiniúlacht dá gcuid féin acu atá ag lorg stádaí mar scoileanna neamhspleácha.²¹⁷ Deir Seán Ó hArgáin nach bhfuil an córas mar atá 'cothrom' mar, go minic, 'forbraíonn Gaelcholáiste ann féin.' Tá siad ag féachaint anois, a deir sé, nach mbunófaí Gaelcholáiste ann féin a thuilleadh, ach go mbeadh sruthanna, aonaid nó scoileanna satailíte ann agus ní mar a chéile iad sin go háirithe nuair nach bhfuil a fhios againn cad iad. Níl aon sainmhíniú ar cad is aonad ann, cad is scoil satailíte ann mar shampla.²¹⁸

D'oscail scoil satailíte i nDún Dealgan in Meán Fómhair na bliana 2023 i ndiaidh trí bliana d'fheachtasaíocht. Mar a scríobhadh ar *Tuairisc.ie* 'cheadaigh an tAire Oideachais Norma Foley bunú na scoile... mar chuid de thogra piolótach ina mbeadh Gaelcholáiste Dhún Dealgan ar champas de chuid Choláiste Ghlór na Mara [Baile Brigín].²¹⁹ Murab ionann agus na haonaid atá faoi bhainistíocht iar-bhunscoileanna lán-Bhéarla nach bhfuil an tuiscint chéanna acu ar an tumoideachas, bíonn na scoileanna satailíte faoi bhainistíocht Gaelcholáistí eile. Dár le Ní Ghréacháin, ligean seo don scoil satailíte nua úsáid a bhaint as 'an nGaelcholáiste mar mheantóir, chun tacú, chun bainistiú, chun cabhrú le cúrsaí rialachais. Tá siad ag cur an tumoideachais [chun cinn]. Is aon sprioc amháin [atá ann]. Tá sin iomlán éagsúil.' Tríd is tríd creideann Ní

216 *Ibid.*

217 Ní Fhearghusa 2022.

218 Ó hArgáin 2023.

219 Tuairisc.ie, an 17 Bealtaine 2022.

Ghréacháin gur chóir dearmad a dhéanamh ar chur chuige na n-aonad; 'bheinnse ag rá gur chóir dúinn mapa bóthair a éileamh do na cinn reatha agus nár chóir don mhúnla sin a bheith ann riamh arís. Bunú nua, soláthar nua.²²⁰

Tá fadhb ann le bunú na nGaelcholáistí freisin. Mar a deir Seán Ó hArgáin, 'tá sé scannalach go raibh muintir Thuaisceart Chill Dara ag fanacht fiche bliain ar mheánscoil [lán-Ghaeilge].²²¹ Tá leithéidí Chontae Mhaigh Eo agus Bhaile Átha Cliath 2, 4, 6 agus 8, áit a bhfuil 200,000 duine ina gcónaí, fós gan Ghaelcholáiste, ainneoin feachtais leanúnacha ó phobal na Gaelscolaíochta sna ceantair sin ag iarraidh dul i gcion ar an roinn.²²² Dúirt an tAire Foley i Márta 2023 go raibh an roinn ag faire ar na Gaelscoileanna sa cheantar agus 'ag coinneáil an scéil faoi athbhreithniú gníomhach de réir mar a fhásann na scoileanna seo agus de réir mar a thagann méadú ar líon na ndaltaí i rang a sé sna Gaelscoileanna.²²³ Cén fáth go bhfuil an drogall seo ar an stát Gaelcholáistí a bhunú? Mar a mhíníonn Ó Muircheartaigh:

Caithfidh gur airgead é. Tháinig tuairisc Frank Murray amach, cé mhéad blianta ó shin, 2007? 2003?... Tháinig an tuairisc sin amach le huimhreacha a bhí saghas an-uaimhianach, ag léiriú cad a bheadh ag teastáil chun scoil ann féin a bhunú. Féachann siad ar scoil Bhéarla go gcaitheadh 1,000 dalta a bheith agat. Tá 450 ag teastáil le haghaidh Gaelcholáiste. Ach tá sé an-deacair teacht ar 450 i gceantair ar nós Inse agus áiteanna eile ón tús. Caithfidh tú é sin a fhorbairt agus a fhás.²²⁴

Mar a chonaic muid i gcás Ghaelscoil na Laochra thuas is ceist reatha í ceist an athchumraithe a mbíonn tionchar aige ar theacht chun cinn Gaelscoileanna nua. Tuairiscíodh in alt anailíseach ar *Noteworthy* le gairid go raibh 90.6% de scoileanna an stáit faoi phátrúnacht na hEaglaise Caitlicí in 2012 nuair a cuireadh an Fóram Pátrúnachta agus Iolrachais inár mBunscoileanna ar bun. Faoi Mheán Fómhair 2020 ba bheag titim a bhí tagtha ar an bhfigiúr sin agus 88.7% fós i seilbh na hEaglaise. Dúradh go raibh páirtithe leasmhara, lena n-áiríodh na pátrúin Chaitliceacha féin agus lucht feachtasaíochta a dteastaíonn

220 Ní Ghréacháin 2022.

221 Agallamh le hÓ hArgáin.

222 *Irish Times*, an 27 Aibreáin 2023.

223 *Tuairisc.ie*, 29 Márta 2023.

224 Ó Muircheartaigh 2022.

córas níos saolta uathu, den tuairim go raibh an próiseas a chuir an Fóram ar bun moillithe go mór.²²⁵ Aontaíonn Sinéad Bheilbigh, príomhoide na Gaelscoile ilchreidmhí, Gaelscoil Lir, go bhfuil próiseas an athchumraithe ag dul an-mhall. Tá sé deacair, tá sé casta,’ ar sí. ‘Má tá rud éigin ceart go leor leantar ar aghaidh leis. Tá’s agam féin ó bheith ag labhairt le mo dheirfiúr i nGaillimh, níl aon Ghaelscoil i nGaillimh nach bhfuil Caitliceach. Níl aon rogha ann mura bhfuil tú ag iarraidh go mbeidh do pháiste i ngrá Dé gach lá.’²²⁶

Ar cheann de na cúiseanna is mó leis an moill, dár le grúpaí ar nós Ag Foghlaim le Chéile, ná an múnla ‘*cost-neutral*’ atá ag an Roinn Oideachais i leith an dishealbhaithe. Ní leor é, dár leo, go gceapfadh an roinn go dtarlódh an próiseas gan aon infheistiú ann, mar go bhfuil costais ag baint le feachtais a réachtáil agusfeasacht a mhúscailt chomh maith le costais athchóirithe ar sheanfhoirgneamh scoile in amanna chomh maith. Ach, tá an roinn ag maíomh go gceabhroidh múnla nua a úsáideadh i Scoil Chaitlín Maude le déanaí leis an bpróiseas a bhrostú. Dúirt an tAire Foley, faoin ‘*new model for reconfiguration*’ bheadh rogha ag na daltaí idir ‘*an Ethics and Morality programme and Catholic instruction*,’ rud a éascóidh cúrsaí.²²⁷ Go deimhin, d’fháiltigh an Foras Pátrúnachta roimh an athchumrú ar Scoil Chaitlín Maude. Dúirt Príomhfheidhmeannach an Fhorais, Caoimhín Ó hEadhra, gur cinneadh stairiúil a bhí ann agus go raibh creidiúint ag dul don Ard-Deoise as an tacaíocht a tugadh don scoil síos na blianta.²²⁸ Mar sin féin, tríd is tríd, is léir go bhfuil an roinn agus an Eaglais ag tarraingt na gcos.

Rud eile de, má tá an próiseas mall ar an iomlán, tá na Gaelscoileanna á bhfágáil in áit na leathphingine. Mar a mhíníonn tuairisc ar shuirbhé de chuid na roinne ar an dishealbhú, as ocht gceantar is fiche a ndearnadh suirbhé orthu, bhuaigh Ag Foghlaim le Chéile an vóta a réachtáladh i measc tuismitheoirí i gcúig cinn is fiche de na ceantair sin. In áit amháin, i mBiorra, d’éirigh leis an nGaelscoil teacht ar an bhfód.²²⁹ Mar a áitítear ar *Noteworthy* ‘*where Educate Together seeks*

225 *Noteworthy*, an 14 Meitheamh 2021.

226 Agallamh le Sinéad Bheilbigh.

227 *Noteworthy*, an 14 Meitheamh 2021.

228 Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath, an 26 Márta 2021.

229 *Report on the surveys* 2013, 3-9.

*patronage, it wins almost every time.*²³⁰ Ní nach ionadh go gceiltar cearta tuismitheoirí ar mian leo a bpáistí a sheoladh chuig Gaelscoil. Léiríonn na torthaí i mBiorra as na 343 thuismitheoir a nocht a mian i leith teanga sa suirbhé gur roghnaigh 277 an Béarla agus 66 an Ghacilge.²³¹ Ainneoin an bhaic sin d'éirigh leis an bhForas Pátrúnachta ceithre thuismitheoir is caoga a mhealladh chun tosaíocht a thabhairt dóibh. Níor mheall Ag Foghlaim le Chéile ach naoi vóta is tríocha agus an Coiste Gairmoideachas vóta is tríocha.²³² Ach ba eisceacht í Gaelscoil na Laochra a chaithfear a mheas taobh leis an dosaen Gaelscoileanna a d'fhéadfadh a bheith ar an bhfód ach cumhacht Ag Foghlaim le Chéile agus tromlach lucht an Bhéarla i go leor ceantar.

Ba chor cinniúnach é an feachtas ar son Gaelscoile i nDroim Chonrach/Marino ar thuaisceart Bhaile Átha Cliath. D'fhógair an Roinn Oideachais in 2015 go n-osclofar scoil nua ar bhonn sealadach sa cheantar ar Champas na Naomh Uile. Chuaigh an Foras Pátrúnachta agus Gaeloideachas i mbun stocaireachta agus faoi 2016 bailíodh na céadta ainm mar chuid den phróiseas comórtais agus an Ghaelscoil in iomaíocht le Ag Foghlaim le Chéile.²³³ Bhí 773 ainm ar an liosta don Ghaelscoil faoi shamhradh na bliana 2016—an líon is mó ainmneacha a bailíodh do Ghaelscoil riamh—nuair a chinn an Roinn Oideachais nach n-osclofaí é mar go raibh níos mó ainmneacha ag Ag Foghlaim le Chéile. Scríobh tuismitheoir amháin, Karolina Stefaczak, gurb as an bPolainn ó dhúchas di, chuig an *Irish Independent* ag cáineadh an chinidh. *'The school to open in September 2016 is to teach through English,'* ar sí *'and will not cater for our children's developmental and educational needs.'* Mhol sí an dátheangachas agus an t-ilteangachas go mór ina litir ach bhí buairt uirthi nach mbeadh a rogha oideachais á fáil ag a iníon; *'the proposed gaelscoil in Drumcondra was our only hope to have our daughter educated in a non-religious school through the State's first official language, in this Republic that is nominally secular.'*²³⁴ Bunaíodh an 733 Campaign thart faoin am seo agus tosaíodh ar ainmneacha a bhailiú ar achainí. Dúradh san achomharc gur chiallaigh cinneadh na roinne go mbeadh dhá scoil is fiche

230 *Noteworthy*, an 14 Meitheamh 2021.

231 *Ibid.*, 24.

232 *Ibid.*, 25.

233 *Near FM*, an 16 Márta 2016.

234 *Irish Independent*, an 9 Meitheamh 2016.

lán-Bhéarla le cois trí Ghaelscoil sa cheantar. Éilíodh ‘*a new ruling stating an Irish Language School (minority language) should not have to compete directly in numbers with a majority language school*’ agus gur droch-chleachtas a bhí ann tuismitheoirí a chur in iomaíocht le chéile chun a rogha oideachais a bhaint amach dá bpáistí. ‘*The system needs to be change,*’ a dúradh.²³⁵

An fhadhb, mar is cuimhin le Ní Ghréacháin é, ná go raibh ‘na daoine ar theastaigh oideachas lán-Ghaeilge uathu i gcónaí chun bheith ina mionlaigh. Sin nádúr na mionteanga. Sin a tharla. I Marino bhuaigh Ag Foghlaim le Chéile ach is scoil lán-Ghaeilge a bhí ó sciar mór den phobal sin agus bhí siad ag iarraidh scoil ilchreidmheach. Sin rud eile, bhí an roinn *just* ag breathnú ar an teanga, seachas go raibh an dá rud ó dhaoine.²³⁶ Bhí córas an chomórtais lochtach, mar a mhíníonn Ó hArgáin, ‘comórtas X-Factor a bhí ann agus é ar fad bainteach le vóta agus *winner takes all*. Agus arís tá an-suim agam sa chóras Ag Foghlaim le Chéile. Do mhúineas ann i gcuid de na scoileanna a bhí ann ag an tús, ach ní maith liom an comórtas atá ann idir scoileanna Ag Foghlaim le Chéile agus Gaelscoileanna.’²³⁷

Ghlac Oifig an Choimisinéara Teanga an cúram tabhairt faoi imscrúdú maidir leis an gcinneadh. Tosaíodh ar an imscrúdú ag tús na bliana 2018 agus d’fhógair *Tuairisc.ie* go mbeadh ‘torthaí an fhiosrúcháin sin ar fáil go luath.’²³⁸ Bliain dár gcionn, agus mar thoradh ar an imscrúdú, ‘mhol an roinn go mbunófaí córas nua a d’fhágfadh nár ghá gur ag an bpátrún atá ag lorg scoil Ghaeilge a bheadh an líon is mó léirithe spéise.’ As sin amach bhunófaí dhá scoil—scoil Bhéarla agus scoil Ghaeilge—sa chás ‘go gcruthófaí go raibh éileamh i measc céatadán áirithe tuismitheoirí ar oideachas lán-Ghaeilge.’ D’fháiltigh lucht na Gaelscolaíochta agus an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, le fógra na roinne. Arsa Ó Domhnaill:

Is dul chun cinn suntasach é fógra an lae inniu, a rachaidh chun sochair don oideachas lán-Ghaeilge. Tá athruithe déanta ar na critéir mheastóireachta a bhaineann leis an bpróiseas pátrúnachta agus ciallaíonn an fógra seo gur chóir go mbeadh rogha an oideachais lán-Ghaeilge ar fáil feasta i gceantar

235 Uplift 2017.

236 Ní Ghréacháin 2022.

237 Ó hArgáin 2023.

238 *Tuairisc.ie*, an 13 Aibreán 2018.

ina bhfuil scoil nua le bunú agus gan an rogha sin ann faoi láthair.²³⁹

Ag breathnú siar ar an athrú, áitíonn Ní Ghréacháin go ndearnadh ‘an córas i bhfad níos fabhraí’ dá bharr. Anois ‘tá cearta níos soiléire ann má tá tú ag iarraidh oideachas lán-Ghaeilge i gceantar nach bhfuil [sé sin] ann cheana féin.²⁴⁰ Mar sin féin, baineann an rialú nua le ceantair fais amháin. Nuair a d’fháiltigh Ó Domhnaill leis an gcinneadh mheabhraigh sé don roinn gur ‘gá freisin... go bhfreastalaítear ar éileamh breise ar an oideachas lán-Ghaeilge.²⁴¹ Mar a deir Ní Ghréacháin, ní shásaíonn an t-athrú sa chur chuige maidir le ceantair fais ‘an dúshlán ó thaobh ceantracha ina bhfuil Gaelscoil ann cheana féin ach a bhfuil ró-éileamh air. Tá sé sin ann go fóill.²⁴² Mar a mhíníonn Dónal Ó hAiniféin, tá cúrsaí bunaithe na nGaelscoileanna athraithe go mór:

Samhlaigh anseo i Ráth Cúil i lár na 1970í, tuismitheoirí ag teacht le chéile leis an tuairim ait seo go mba mhian leo scoil lán-Ghaeilge a bhunú, “*sure* nach féidir linn tosnú san ionad pobail, nach féidir linn tosnú sa chumann peile, níl uainn ach seomra?” Ní cheadófaí sin sa lá atá inniu ann. Ní cheadófaí é sin ar go leor leor cúiseanna—slándáil, sábháilteacht, árachas agus gach aon rud eile ina measc. Tá an roinn tar éis ceannasaíocht a fháil air sin anois, *so* tá sé níos deacra scoileanna a bhunú ón talamh aníos. Tuigeann tú go raibh eagla ar an roinn mar go raibh an oiread sin scoileanna á mbunú sna 1980í agus 1990í, go raibh eagla an domhain orthu... má féachann tú air ó thaobh na roinne de, b’fhéidir go raibh cúis nó bunús leis an eagla sin... ach fós níor tháinig aon chur chuige chun freastal ar an éileamh atá ann. Táimid ag caint ar 25% de phobal [an stáit] a roghnódh Gaeloideachas dá bpáistí dá mbeadh a leithéid ar fáil. Nílím in aon ghiorracht do sin fé láthair.²⁴³

Cé gur fhadhb lárnach é an maolú atá tagtha ar fás na hearnála tá ábhair dóchais le fáil i roinnt athruithe atá tarlaithe le blianta beaga anuas chomh maith. Fuarthas réiteach ar cheist chigilteach an pho-lasaí iontrála do Ghaelscoileanna in 2018. I ndiaidh feachtais ó lucht na Gaelscolaíochta agus an brúghrúpa Cearta Oideachais ghlac rialtas Fhine Gael, agus an tAire Oideachais Richard Bruton, le leasú ar an mBille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016. Mar a scríobhadh ar *Tuairisc.ie* ‘de réir an leasaithe deiridh a rinneadh ar an

239 *Tuairisc.ie*, an 3 Meán Fómhair 2019.

240 Agallamh.

241 *Tuairisc.ie*, an 3 Meán Fómhair 2019.

242 Agallamh.

243 Ó hAiniféin 2021.

mBille i dtaobh na nGaelscoileanna, beidh cead ag na scoileanna sin tús áite a thabhairt más mian leo ina bpolasaithe iontrála do pháistí a bhfuil líofacht sa teanga acu a bheadh ag teacht leis an leibhéal líofachta a bheadh ag páiste a mbeadh an Ghaeilge “mar ghnáthmhodh cumarsáide” acu “i dtimpeallacht neamhoideachasúil.” D’eisigh Cearta Oideachais ráiteas inar dúradh gur ‘ócáid stairiúil í seo do pháistí atáthar á dtógáil le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht mar go bhfuil aitheantas á thabhairt den chéad uair ag an stát go bhfuil riachtanais oideachais ar leith ag na páistí seo agus mar sin gur cheart go mbeadh cead ag scoileanna lán-Ghaeilge tosaíocht a thabhairt dóibh ina bpolasaithe iontrála.²⁴⁴ Go praiticiúil, an bealach ina gcuirtear an dlí sin i bhfeidhm ag leibhéal na Gaelscoile ná go mbíonn sé faoin tuismitheoir cruthúnas a léiriú don phríomhoide go bhfuil an teanga á húsáid sa bhaile. Arsa Ní Ghréacháin, ‘d’fhéadfaí físeán den pháiste ag súgradh sa mbaile agus Gaeilge á húsáid,’ a thaispeáint, ‘agus go dtógfadh an príomhoide sin san áireamh.’ I gcásanna eile ‘tugann roinnt de na Gaelscoileanna foirmeacha do na tuismitheoirí.’²⁴⁵

Údar dóchais eile atá sa Pholasáí don Oideachais Gaeltachta 2017-2022. Mar a deir Gaeloideachas, tugadh isteach an polasáí ‘de bharr go leor athruithe a bheith tagtha ar an nGaeltacht le blianta, tá meascán teangacha le cloisteáil anois sa phobal agus sa seomra ranga Gaeltachta.’ Tá scéim aitheantais ann anois do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna gur mhaith leo stádas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach agus tugtar tacaíocht bhreise—ina theannta, forbairt ghairmiúil ó COGG agus cuairteanna cigireachta breise—do na scoileanna sin.²⁴⁶ Mar a áitíonn O’Donoghue agus O’Doherty, bunaíodh an tAonad um Oideachas Gaeltachta in 2017 chun an Polasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 a chur i bhfeidhm agus chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas múinteoirí tumoideachais. Mar chuid de seo cuireadh bunchéimeanna agus céimeanna máistreachta sa tumoideachas ar bun in Institiúid Oideachais Marino agus i gColáiste Mhuire gan Smál.²⁴⁷ Tá an Polasáí don Oideachas Gaeltachta ar cheann de na rudaí is rathú-

244 *Tuairisc.ie*, an 18 Iúil, 2018.

245 Agallamh.

246 Gaeloideachas, an 16 Feabhra 2022.

247 O’Donoghue agus O’Doherty, *Irish Speakers and Schooling in the Gaeltacht*, 220.

la a tharla ó thaobh na Gaelscolaíochta de le blianta beaga anuas, dar le Jacqueline Ní Fhearghusa. ‘Nílím ag rá go bhfuil gach rud foirfe,’ ar sí, ‘ach léiríonn an polasaí tumoideachais Gaeltachta dúinn gur féidir rudaí dearfacha a chur i bhfeidhm agus a bhaint amach agus go bhfuil an próiseas comhairliúcháin tábhachtach. Beidh an polasaí nua seo fíor-thábhachtach agus cabhróidh sé le polasaí tumoideachais sna Gaelscoileanna.’²⁴⁸ Tá dea-thionchar an pholasaí le feiceáil ar an talamh i gCiarraí Theas, a deir Seán Ó hArgáin, agus stádas oifigiúil mar scoileanna Gaeltachta ag trí bhunscoil in Uíbh Ráthach; ‘idir an cinneadh chun an t-aonad Gaeilge a thosnú [i gColáiste na Sceilge] agus an Polasaí don Oideachas Gaeltachta le sé nó seacht mbliana anuas, tá athrú iomlán an-dearfach ó thaobh cur chuige ó thaobh na teanga de ó thaobh an oideachais i gCiarraí Theas. Gach aon uair [a théim síos] cuireann sé ionadh orm an méid daoine óga ach go háirithe atá ag labhairt i nGaoluinn anois agus iad ina ndéagóirí agus ina ndaoine fásta.’²⁴⁹

É sin ráite, tá na mórfhórsaí socheachnamaiochta agus bánaithe tuaithe ag brú aníos ar an nGaelscolaíocht sa Ghaeltacht i gcónaí. Bhí ar bhunscoil Inis Meáin maoiniú a lorg ó chomhlacht príobháideach, Zurich Insurance, in 2015 chun an dara hoide a fhóstu nuair nach raibh an Roinn Oideachais sásta é sin a dhéanamh de bharr nach raibh fiche dalta sa scoil.²⁵⁰ Mar a thuairiscigh Máirtín Ó Catháin sa *Connacht Tribune* in 2022, ‘*population decline triggers stark warning on Conamara schools.*’ Dúradh go raibh buairt ar phobail i dtíre cheantar i nGaeltacht Chonamara faoi thodhchaí na mbunscoileanna iontu. ‘*The numbers on the roll books in Muigh Inis in Carna and in Leitir Caladh in the Leitir Mór area have dropped to single figures,*’ a scríobh Ó Catháin, agus chuir tuar ‘*of future attendance in the Tír na Cille School in the Maam Valley... shock waves through the Joyce Country community.*’ I bparóiste Charna, tá laghdú 60% tagtha ar líon na ndaltaí sna cúig bhunscoil ann le 30 bliain anuas.²⁵¹ B’éigean do Chomharchumann Dhúiche Sheoigheach feachtas a réachtáil in 2023 chun scoil sa Chloch Bhreac a choinneáil ar oscailt. D’ofráil an comharchumann bliain saor ó chíos do theaghlach a bhog-

248 Ní Fhearghusa 2022.

249 Ó hArgáin 2023.

250 *Tuairisc.ie*, an 26 Lúnasa 2015.

251 *Connacht Tribune*, an 13 Márta 2022.

fadh chun an cheantair chun cur le líon na ndaltaí. Mar a dúirt príomhoide na scoile, Gearóidín Uí Fhiric ‘níl aon rud eile againn. Tá oifig an phoist dúnta. Is áit lárnach í an scoil, scoil álainn atá inti agus beirt mhúinteoirí agus múinteoir tacaíochta foghlama amháin againn.’²⁵²

Lasmuigh den Ghaeltacht, tá Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge á fhorbairt ag an Roinn Oideachais i láthair na huaire (2023), agus rinneadh tréimhse comhairliúcháin leis an bpobal i rith 2022. Tá nithe éagsúla le clúdach faoin bpolasaí. Luaitear soláthar ‘creat’ chun ‘oideachas ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil i nGaelscoileanna agus i nGaelcholáistí agus i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige (mar shampla, naíonraí) lasmuigh den Ghaeltacht’; líon na leanaí agus daoine óga ‘atá ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge a mhéadú; ‘iniúchadh’ ar na deiseanna chun tuilleadh Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí a bhunú; ‘polasaí soiléir’ do cheist na n-aonad; soláthar múinteoirí don scolaíocht lán-Ghaeilge agus rannpháirtíocht an phobail sa Ghaelscolaíocht a fheabhsú.²⁵³ Deir Ní Ghréacháin gur eascair an polasaí as cruinnithe a bhí ag lucht na Gaelscolaíochta agus Conradh na Gaeilge leis an Roinn Oideachais agus an tAire Oideachais Joe McHugh. Tá grúpa stocaireachta ann darb ainm iMeasc atá ag obair ar an gceist le tamall. ‘An sprioc atá ag an ngrúpa,’ arsa Ní Ghréacháin, ‘ná dul i bhfeidhm ar an gcóras polaitiúil ar dtús agus ansin ar na ranna maidir le reachtaíocht nua don oideachas lán-Ghaeilge. Go bunúsach baineann sé le soláthar. An sprioc atá aitheanta ag an ngrúpa seo ná faoi 2040 go mbeidh 25% de scoileanna na tíre lán-Ghaeilge, seachas an 6% reatha....’²⁵⁴ Leagann Dónal Ó hAiniféin béim ar an gcomhairliúchán agus ‘meas’ a bhí ann nuair a rinneadh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus an gá go mbeadh an meon céanna sin ann don Pholasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge, agus don Ghaeilge, agus an polasaí á fhorbairt. Dar leis an hAiniféineach go bhfuil na páirtithe polaitiúla ‘níos glaise anois ó thaobh cúrsaí timpeallachta de, agus níos glaise anois ó thaobh cúrsaí teangan de, rud nach raibh. Tá sé suimiúil go bhfuil siad beagnach ag teacht ar aon intinn maidir le tacú leis an teanga. Ach níl an gníomh déanta fós agus is gá an gníomh a dhéanamh.’ Chun an Roinn Oideachais a athrú caithfear dul i bhfeidhm orthu go

252 RTE.ie, an 9 Aibreán 2023.

253 Gov.ie, an 27 Deireadh Fómhair 2022.

254 Ní Ghréacháin 2022.

polaitiúil agus sa dlí, a deir Ó hAiniféin, mar go dtógann sé ‘an-tamall long an stáit agus long na Roinne Oideachais a chasadh timpeall nuair a bhíonn siad ag dul i dtreo amháin.’²⁵⁵

Le deireanas, ba thréimhse eisceachtúil í paindéim COVID, na srianta dianghlasála agus na beartais a cuireadh i bhfeidhm i scoileanna ar fud na tíre, Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí san áireamh. Fógraíodh ar an 12 Márta 2020 go ndúnfar ‘scoileanna, coláistí agus ionaid chúraim na tíre... mar gheall ar an ráig den choróinvíreas,’ mar a scríobh Breandán Ó Dufaigh.²⁵⁶ Is cuimhin le Seán Ó hArgáin, a bhí ina uachtarán ar Ghaeloideachas le linn na paindéime, gur chuir an ráig na pleananna a bhí aige cuairt a tabhairt ar Ghaelscoileanna agus Gaelcholáistí as riocht go hiomlán. D’éirigh leis an eagraíocht é féin a chur in oiriúint, mar sin féin:

bhí ár n-oifigigh ar fad ag obair ón mbaile. Bhí ár n-oifig in Marino dúnta... bhí an bord ag teacht le chéile ar Zoom. Diaidh ar ndiaidh chuamar i dtaithe air... ach bhí sé an-deacair. Ní raibh an teangmháil sin idir na hoifigigh agus na scoileanna. Ní raibh teangmháil idir daoine ar an mbord stiúrtha nó mé féin. Tháinig deireadh le cruinnithe réigiúnacha, cé go rabhadar lag roimhe sin. Ní raibh an saghas *networking* sin ann. Cuireadh deireadh leis an gcomhdháil a bhí beartaithe againn in 2020... cuireadh an ceann in 2021 ar ceal agus bhí orainn troid chun go dtarlódh sé go raibh comhdháil agam féin mar uachtarán i mí na Bealtaine 2022. Agus tugadh cead dom fanacht cúpla mí sa bhreis ionas go mbeadh Comhdháil ceart agam mar Uachtarán agus bhí áthas an domhain orm gur tharla sé sin i gCorcaigh i mí na Bealtaine seo caite... Ar an taobh eile rinne na hoifigigh, gach duine ó Bhláthnaid síos tríd na hoifigigh, rinne siad éacht. Dá mba rud é go rabhas in ann duine amháin a lua, Ciara Ní Bhroin san ardoifig, dhein sí an t-uafás oibre—agus Jill McMahon a bhí ann ag an am chomh maith—chun *webinars* a dhéanamh. Bhaineamar an-úsáid ar fad as Zoom, as na *platforms* difriúla chun *webinars* a chur ar fáil. Go hiorónta, b’fhéidir go bhfuil níos mó daoine ag glacadh páirte sna rudaí sin ná mar a bhí nó go raibh nuair a bhí rudaí beo againn.²⁵⁷

255 Ó hAiniféin 2021.

256 Breandán Ó Dufaigh, *An Gadaí Bradach* (Foilsitheoirí na gCnoc, 2022), 18.

257 Agallamh le Seán Ó hArgáin.

CONCLÚID

BHÍ AR LUCHT NA GAELSCOLAÍOCHTA ó dheas dul i ngleic le líomhaintí faoin éilíteachas ag tús na tréimhse seo atá faoi chaibidil. Mar a léiríonn an anailís léarscáile, i dtéarmaí an stáit ar an iomlán, ní raibh bunús ar bith le líomhaintí na n-iriseoirí úd. É sin ráite, léiríonn an anailís céanna go bhfuil claonadh i dtreo an mheánaicme i gcathair Bhaile Átha Cliath. Nuair a d'fhorbair gluaiseacht na Gaelscolaíochta ar dtús báire sna 1970í b'éigean do mhuintir Bhaile Munna troid ar son a gceart mar shaoránaigh de chuid an lucht oibre rochtain a bheith acu ar an nGaelscolaíocht. Briseadh nós agus meon a bhí i measc na bunaíochta agus na roinne a chreid nár bhain an Ghaelscolaíocht leis an aicme sin. Ach, tá bearnaí le líonadh go fóill i dtéarmaí an tsoláthair de sna ceantair lucht oibre. Ar mhórán bealaí tá meon nua tagtha chun cinn i measc codanna den státseirbhís agus den bhunaíocht atá comhchosúil leis an meon a bhí ann i leith Bhaile Munna—creidtear nach bhfuil aon bhaint ag eachtrannaigh, nó nár chóir aon bhaint a bheith acu, leis an nGaeilge. Nó, ar bhealach, níltear ag smaoineamh gur chóir don stát a ndícheall a dhéanamh na hÉireannaigh nua seo a mhealladh chun na Gaelscolaíochta. A mhalairt atá an smaoineamh ag dul—gur bac a bheadh sa Ghaeilge dóibh. Tagann cuid den tuairim sin ó na hÉireannaigh nua iad féin, nach bhfuil eolas acu faoi bhuntáistí an dátheangachais. Ach is faoin stát atá sé iad a mhealladh mar chuid de phróiseas imeasctha. Tá cuid den obair seo ar bun ag leithéidí Chonradh na Gaeilge a chuireann imeachtaí ar bun ar Lá Idirnáisiúnta na nImirceach agus tríd an tionscadal Céad Míle Fáilte a bunaíodh le blianta beaga anuas.²⁵⁸ Agus tá an idé-eolaíocht iolrach ilchultúrtha fréamhaithe go láidir in earnáil na Gaelscolaíochta, mar a léiríonn cás Ghaelscoil Lir agus an feachtas Gaelscoil4All. Ach tá mí-réir ann nuair nach bhfuil ach 1% de dhaltaí Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí de shliocht na bpobal nua seo i gcomparáid le 10% i scoileanna Béarla. Tháinig an idé-eolaíocht fáilteach seo chun cinn ar dhúshraith láidir an náisiúnachais fhorásaigh, atá fós le brath sa ghluaiseacht le blianta beaga anuas i mbealaí folaithe agus follasacha.

Sa Tuaisceart, bhí an náisiúnachas forásach, an díchoilíniú agus ceist na gceart teanga ag dó na geirbe sa tréimhse seo, mar a bhí le fada.

258 Leathanach Facebook Chonradh na Gaeilge, an 18 Nollaig 2019.

Ach, tháinig an ghluaiseacht díchoilínithe in inmhe le deich mbliana anuas. Cuireadh na síolta ar Bhóthar Seoighe, Bunscoil Phobail Feirste, mar a léiríodh i Rannóg a 1, ach cuireadh tuilleadh acu in áiteanna ar nós Dhún Uladh i lár na 1980í, a d'fhás isteach ina nGaelscoileanna tar éis na bliana 2000 agus a tháinig faoi bhláth le blianta beaga anuas. Crann taca na gluaiseachta ar son na gceart teanga agus an díchoilínithe atá in earnáil na Gaelscolaíochta ó thuaidh, mar a fheictear nuair a thagann cóistí lán daoine ó na Gaelscoileanna fud fad an stáit chuig na léirsithe móra i mBéal Feirste. Ach má bhreathnaítear ar chás na hearnála é féin, i ndiaidh tréimhse fáis a chíoradh sa rannóg deireanach tá fás na nGaelscoileanna tar éis moilliú Ní raibh ó chuid de na haontachtóirí antoiseacha ach an tsiocair chun an maolú sin a chur i gcrích agus tugadh é sin dóibh nuair a socraíodh go mbeadh daoine den DUP ina n-airí oideachais. Thacaigh Sinn Féin le borradh suntasach na Gaelscolaíochta ag tús na mílaoise nua, ach mar a léiríonn an chonspóid faoin mbus scoile go Coláiste Feirste, agus an íobairt a rinneadh den aireacht oideachais, is iad lucht na Gaelscolaíochta agus na Gaeil amháin gur féidir brath orthu chun an earnáil a chosaint agus an ghluaiseacht a fhás.

Mhair lucht na Gaelscolaíochta sna Sé Chontae Fichead, mar aon le pobal na Gaeilge trí chéile, faoi scáth an nualioibrálachais le linn na tréimhse seo go háirithe. Bhí an idé-eolaíocht tar éis teacht i réim go láidir sna 1990í sa stát, ach bhí Gaelscoileanna fós á mbunú. Sroicheadh buaic i lár na 1990í agus athraíodh rialacha bunaithe. Thit an ráta bunaithe ar feadh tréimhse, ach thosaigh feabhas ag teacht ar rudáí arís ag teacht i dtreo 2008. Chuir an ghéarchéim eacnamaíochta caipitleach deireadh leis sin. Idir moratóir ar bhunú scoileanna ó 2009-12, cuíchóiriú ar eagraíochtaí Gaelscolaíochta agus Gaeilge ó 2010-2014, agus próiseas aitheantais nua do bhunú scoileanna a bhain an chumhacht de thuismitheoirí ó 2013 ar aghaidh, rinneadh díshlógadh ar an ngluaiseacht Gaelscolaíochta pobalbhunaithe a bhí ag feidhmiú sa stát le dhá nó trí ghlúin. Ba dheacair an milleán a chur ar an ngluaiseacht nó na coistí bunaithe féin. Cé go raibh an eagraíocht Gaelscoileanna ag feidhmiú ar bhonn na measúlachta agus é mar idirghníomhaí idir na coistí bunaithe agus an stát, bhí ag éirí leis an earnáil a fhás diaidh ar ndiaidh thar na blianta. Nuair a tháinig an tua anuas ar earnáil na Gaeilge agus na Gaelscolaíochta ó 2010 ar aghaidh seans gur glacadh

go ró-éasca le réasúnaíocht an nualibrálachais faoi ‘íomaíocht’ agus ‘éifeachtúlachtaí.’ Ach ba bheag grúpa a bhí á mhaoiniú ag an stát a bhí in ann an réasúnaíocht chéanna a throid, óir bhí lámh an stáit ar théada an sparáin. Beart i gcrích a bhí ann. Ach, ag an leibhéal logánta, troideadh cathanna tábhachtacha, agus buadh iad, i Ráth Tó mar shampla. Cailleadh cinn eile, i gCromghlinn, atá fós gan Ghaelscoil. Ag an leibhéal náisiúnta, tháinig grúpaí beaga feachtasaíochta deonacha a bhí go hiomlán neamhspleách ón státchiste chun cinn—leithéidí Ghuth na Gaeltachta agus Misneach—chun dioscúrsa ailtéarnach frith-nualibrálach a spreagadh, ach ba ghrúpaí imeallacha i saol na Gaeilge iad i ndáiríre, agus, sa mhullach air sin chuir an stát agus eagraíochtaí Gaeilge fú smacht orthu trí bhagairtí. Ábhar taighde do lá eile, b’fhéidir.

Chuaigh rialacha nua na roinne maidir le bunú Gaelscoileanna chun donachta don earnáil go sciobtha. Ba í Gaelscoil Chluainín, a bunóidh in 2007, ceann de na Gaelscoileanna deireanacha a bunaíodh roimh an ngéarchéim eacnamaíochta. Rinneadh sin tríd an nós fadhbunaithe páistí a chlárú, láthair a aimsiú, agus aitheantas ón roinn a éileamh. Cúig bliana ina dhiaidh sin, nuair a bunaíodh Gaelscoil Shliabh Rua in 2013 cluiche éagsúil ar fad a bhí ann. Bhí an chumhacht iomlán nach mór anois i seilbh na roinne—bhí ar na tuismitheoirí fa-nacht ar an roinn cinneadh a dhéanamh go mbunófaí scoil agus cé go raibh coiste tuismitheoirí ann agus an Foras Pátrúnachta mar idirghabhálaí tacúil, ní raibh na tuismitheoirí in ann Gaelscoil a bhunú as a stuaím féin mar a bhí roimhe sin. Troideadh cath ina dhiaidh sin i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath in 2018 agus rinneadh leasú ar an gcaoi ar roghnaíodh ceantar ar leith do Ghaelscoil nua. Feabhas a bhí ann, ach i ndeireadh na dála tá an cinneadh iomlán go fóill faoi chúram na roinne mar a bheadh impire Rómhánach lena ordóg ag diúltú nó ag glacadh le Gaelscoileanna. Cé go bhfuil feachtais áitiúla ar son Gaelcholáistí i Maigh Eo agus i nDeisceart Bhaile Átha Cliath a thugann ardú meanman, baineadh an ghaoth as seolta na gluaisreachta agus tá maolú tagtha ar an bhfás dá bharr, rud a fhágann neart bearnaí sa soláthar i dtaobh na tíreolaíochta agus codanna socheacnamaíochta ar leith sa stát. Tá splanc de dhíth chun an tine a lasadh arís, ach cad as a dtiocfaidh sé?

Advanced Review Copy





CONCLÚID

THARRAING GLUAISEACHT NA GAELSCOLAÍOCHTA a tháinig ar an bhfód ag deireadh na 1960í ar thobar saibhir stairiúil. Ó aimsir na hAthbheochana bunaíodh scoileanna ina raibh an Ghaeilge i réim ar bhealaí éagsúla. Coincheap nua-aimseartha ab ea an Athbheochan inar úsáideadh an teanga, i dteannta gnéithe eile den chultúr, chun Éire nua a shamhlú agus a mhúnlú. Nuair a tháinig lucht na Gaelscolaíochta le chéile sna 1960í, aithníodh go raibh teipthe ar stát na Sé Chontae Fíchead an chuid sin den tír a raibh ceannas aige uirthi a mhúnlú chun leasa don Ghaeilge. Chomh maith leis sin, tuigeadh go raibh cúlú ó aidhmeanna fógartha lucht na réabhlóide agus lucht na hAthbheochana an Ghaeilge a chur chun cinn go héifeachtach ní hamháin sa tsochaí, ach fiú sa chóras oideachais. Sa Ghaeltacht, bhí pobal labhartha na Gaeilge ag creimeadh ceal athdháileadh maoine agus cumhachta agus bhí scoileanna ann a mhúin trí mheán na teanga á ndúnadh a bhuíoch le polasaí cónastha agus cuíchóirithe an stáit. Bhí próiseas athmhúnlaithe ag tarlú, ceart go leor, ach ba phróiseas ón mbarr anuas é a thug tosaíocht don Bhéarla, don chuíchóiriú agus don gheilleagar chaipitlíoch in áit na Gaeilge, na hinfheistíochta agus an gheilleagair dhúchasaigh. Sna Sé Chontae, bhí traidisiún fada an ghníomhaíochais ar son na Gaeilge le sonrú chomh maith, traidisiún a ghlac inspioráid ón Athbheochan agus ó iarrachtaí a rinneadh an Ghaeilge a neadú i bpobal Bhéal Feirste, go háirithe i lár an fhlichíu haois, ainneoin naimhdeas an stáit. Ar mhórán bealaí is athmhúnlú a bhí ar bun nuair a tháinig an Gaelscolaíocht chun cinn sna Sé Chontae, athmhúnlú ar phobal náisiúnach agus poblachtach ina bpobal Ghaelach.

Ach céard atá i gceist leis an bpróiseas athmhúnlaithe seo i ndáiríre? Bheartaigh lucht na Gaelscolaíochta dul i bhfeidhm ón mbun aníos ar an ngort ina raibh siad féin ag feidhmiú—gort an oideachais agus gort na Gaeilge sa phobal—ar mhaithe leis an nGaeilge. Sna trí

réigiún—iar-Ghaeltacht na Sé Chontae Fichead, iar-Ghaeltacht na Sé Chontae agus an Ghaeltacht—bhí domhan an Bhéarla ag brú aníos ar lucht labhartha na Gaeilge bíodh sin trí bhéalghrá nó trí chos ar bholg soiléir. B'éigean dul in adharca leis an *murder machine* seo. Dá réir sin, sa trí dhlínse chuaigh gníomhaithe i mbun obair dhíchoilínithe, obair a chuaigh i ngleic le próiseas an mheatha teangeolaíochta a bhí mar oidhreacht an choilíneachais. Léiríodh an féintuilleamaí, an féinmhuinín agus an féinmheas i measc gníomhaithe, tuismitheoirí agus oideachasóirí nuair a bunaíodh agus a reáchtáladh scoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn deonach agus nuair a rinneadh maoiniú orthu nó ar ghnéithe dá fhorbairt ina dhiaidh sin. I ndiaidh bhunú na Gaelscoile nuair a chuaigh páistí tríd an gcóras spreagadh féinmheas agus mórtas teanga i leith na Gaeilge agus an chultúir Gaelaigh, rud a thug dúshlán díreach don bheag is fiú a rinneadh don teanga agus cultúr céanna faoi thionchar fabhtach an choilíneachais.

Chuaigh an stát ó dheas i mbun díchoilíniú de chineál ón am ar bunaíodh é in 1922. Ach níor éirigh leis an stát an bhó a chur thar abhainn i dtaobh an díchoilínithe riamh toisc gur tionscadal coimeádach ar bheagán maoiniú ón mbarr anuas a bhí i gceist. Bhí na hiarrachtaí laga sin caite i dtraipisí faoi na 1950í, nós a ghéaraigh sna 1960í nuair a chuir an comhthéacs nua geilleagrach bonn ní ba láidre fiú faoin mBéarla. B'éigean mar sin do lucht na Gaelscolaíochta seasamh isteach sa bhearna agus tionscadal forchéimnitheach ón mbun aníos a thiomáint. Sna Sé Chontae ba bhagairt é an Ghaelscolaíocht don stát sa mhéid is gur ceistíodh stair fhada an choilíneachais, an fhorghabháil mhíleata, agus forchiníochas cultúrtha reatha a bhí i réim. Sna Sé Chontae Fichead ba bhagairt í an Ghaelscolaíocht mar gur tugadh dúshlán daonlathach don bhunaíocht pholaitiúil agus eaglasta ar theastaigh uathu smacht a choimeád ar an gcóras oideachais. Ba bhagairt níos mó an dúshlán nuair a léirigh daoine den lucht oibre an mhian dhaonlathach chéanna. I ndiaidh an iomláin, léirigh an Ghaelscolaíocht gur tionscadal daonlathach ba chóir a bheith sa díchoilíniú seachas tionscadal láraithe.

Lena ais sin, léiríodh le leathchéad bliain anuas, gur streachailt é an díchoilíniú a bhaineann go mór mór le hacmhainní. Sna Sé Chontae Fichead thaispeáin cinneadh i ndiaidh cinnidh a rinneadh chun aimhleas na gluaiseachta agus na hearnála ainneoin cearta bunreachtacha agus tacaíocht áirithe ón aos polaitiúil nach féidir brath ar an gcóras mar atá

an teanga a athréimniú. Dár le hÓ Tuathaigh ‘*the state’s position on Irish in these decades was essentially responsive rather than directive*.’¹ Sé sin le rá, níl an stát sásta na hacmhainní cuí a chur ar fáil don Ghaelscolaíocht chun tairseach chriticiúil a bhaint amach i líon na nGaelscoileanna agus nGaelcholáistí sa stát agus níltear sásta ach freagra a thabhairt nuair a léirítear an-éileamh arís is arís, agus fiú ansin níl cinnteacht go dtabharfar an soláthar cuí. Tar éis leathchéad bliain tá an meon bunúsach cuíchóirithe, ach é a bheith forbartha i dtreo meon níos géire agus is nualíobráláí, fós i réim. Agus anuas air sin, cé nach féidir é a chruthú go cinnte in éagmais thrédhearcacht na heinstitiúid, dealraíonn sé go bhfuil rianta den mheon coilíneach fós ag imirt tionchar ar chinntí na Roinne Oideachais ó dheas. D’fhéadfaí a mhaíomh go mbaineann an moillú atá tagtha ar fhás as cuimse na hearnála ag leibhéal na bunscoile agus iar-bhunscoile agus an drochsholáthar atá ann i dtaobh leibhéal na hiar-bhunscoile sa stát le cúrsaí maoinithe. Ach ní fhéadfá an rud céanna a rá faoin gcinneadh, mar shampla, Giorclán 2007 a d’ionsaigh an tumoideachas a chur i bhfeidhm, óir ní raibh aon bhuntáiste i dtaobh buiséid le baint as sin. Sna Sé Chontae, léiríonn an streachailt a bhí ann fiú aitheantas a fháil do Bhunscoil Phobal Feirste a mhair ó 1971-1984 go raibh constaic shoiléir choilíneach agus sheicteach sa Roinn Oideachais ó thuaidh. Tháinig feabhas ar chúrsaí i ndiaidh 1998 agus síniú Chomhaontú Aoine an Chéasta agus airí oideachais Shinn Féin ar an bhfód, ach ó géilleadh an ról sin tá cuid mhaith gníomhaithe den tuairim go bhfuil cúrsaí imithe in olcas arís.

Bhí tréithe smachtúla le brath ní hamháin sna státchórais agus é ag plé leis an nGaelscolaíocht ach i gcórais eile chomh maith, an Eaglais Chaitliceach mar shampla. De réir ghnás na hinstiúide a tháinig faoi bhláth faoi stiúir impireacht na Breataine ó 1795 ar aghaidh, tugadh gradam don Bhéarla agus rinneadh imeallú ar an nGaeilge ainneoin roinnt sagart nó easpag a bhí fabhrach don teanga síos trí na blianta. Mar sin, ar leibhéal amháin bhí an Ghaelscolaíocht ag tabhairt dúshlán idé-eolaíochta díchoilínithe don Bhéarla sa chóras oideachais eaglasta nuair a tháinig sé ar an bhfód ar dtús. Cé gur Caitlicigh chráifeacha cuid de na luathbhunaitheoirí, agus nach raibh an ruaig á cur acu ar na sacraimintí ó na Gaelscoileanna, níor samhlaíodh an Ghaelscolaíocht

1 Ó Tuathaigh, ‘The State and the Irish Language: an Historical Perspective,’ 37.

mar chóras ina mbeadh an reiligiún Caitliceach ná an Eaglais lárnach ann riamh. Ós é gurb í an Ghaeilge bunchloch na nGaelscoileanna, seachas an reiligiún, bhí sé ar chumas na gluaiseachta solúbthacht a léiriú de réir mar ba ghá. Bunaíodh Gaelscoileanna neamh-sainchreideamhacha sna Sé Chontae a tharraing ar oidhreacht neamhsheicteach na hAthbheochana. Sna Sé Chontae Fíchead, ó na 1990í, ar aghaidh tháinig Gaelscoileanna ilchreidmheacha agus idirchreidmheacha agus An Foras Pátrúnachta ar an bhfód chun freastal ar phobal a raibh féiniúlacht Éireannach nár bhain leis an Eaglais Chaitliceach á lorg acu. Ach níorbh idé-eolaíochtaí teangeolaíochta a bhí ag gó na gearbe don Eaglais mar institiúid agus é ag plé leis an nGaelscolaíocht i ndáiríre, ach cúrsaí loma smachta. Sa dá stát, bhí an baol ann go gcaillfidís an chumhacht a bhí acu sa chóras oideachais agus sna scoileanna áitiúla dá ligfí do na Gaelscoileanna teacht ar an bhfód go logánta agus fás as cuimse go náisiúnta. Cé go raibh níos mó den chlér sásta éisteacht le tuairimí tuismitheoirí ó na 1960í ar aghaidh, léirigh an drogall a bhí ar shagairt áitiúla agus deoísí tacú le bunú Gaelscoileanna ón am sin i leith fud fad na tíre agus le blianta beaga sa stát ó dheas cabhrú le hathchumrú a dhéanamh ar scoileanna a bhí ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla chun leasa do na Gaelscolaíochta an méid sin go soiléir. Ach bhí na gníomhaithe Gaelscolaíochta seiftiúil sa bhealach a ndeachaigh siad i ngleic leis an Eaglais ón tús. B'fhóras riachtanach é bunú an Fhorais Pátrúnachta do riaradh neamhspleách Gaelscoileanna de réir mhianta thuismitheoirí na sochaí ó dheas ó na 1990í ar aghaidh, ach bhí tionchar indíreach ag a bhunú sa mhéid is gur chuir sé leis an bpróiseas an Eaglais Chaitliceach a bhaint ón gcóras oideachais, ceann de na rianta is contúirtí a d'fhág an córas coilíneach ar an tír.

Athrú suntasach eile ná go bhfuil maolú mór tagtha ar an teannas a bhí ann idir gluaiseacht na Gaelscolaíochta agus na múinteoirí sna scoileanna a d'fheidhmigh trí mheán an Bhéarla agus a gcuid ceardchumann a bhí le brath thiar sna 1980í agus 1990í go háirithe. Breathnaíodh ar an nGaelscolaíocht mar ábhar iontais sna meáin agus i measc an phobail sna 1970í, ach nuair a tháinig dlús faoin earnáil sna 1980í agus nuair a scaip na Gaelscoileanna go bailte beaga an stáit ó dheas d'éirigh achrann idir leithéidí Chumann Múinteoirí Éireann agus an ghluaiseacht. Meon cosantach ar son a mball a bhí i réim—creideadh go mbainfí daltaí ó na scoileanna seanbhunaithe. Bhí an meon céanna

le sonrú le blianta beaga anuas sna Sé Chontae chomh maith ag an leibhéal logánta tuaithe. Ó dheas, glacadh goill, go pointe, mar gur léiriú a bhí sna Gaelscoileanna ar theip an córas scolaíochta a d'fheidhmigh trí mheán an Bhéarla an Ghaeilge a chothú i measc daltaí. Dár ndóigh, bhí an daonra ag titim sna 1980í chomh maith. De réir mar a tháinig méadú ar an daonra agus de réir mar a d'fhás earnáil na Gaelscolaíochta agus líon na mball ceardchumann a bhí ina múinteoirí Gaelscoile nó Gaelcholáiste, chuaigh an t-aineolas i leith na gluaiseachta i measc múinteoirí i gcoitinne i léig. Ba léiriú suntasach an t-athrú meon sin an tacaíocht a thug Cumann Múinteoirí Éireann do choincheap an tuimoideachais le linn na conspóide faoi Chiorclán 44 (2007).

D'fhág cúrsaí aicmeacha a lorg ar theacht chun cinn, ar idé-eolaíocht agus ar chomhdhéanamh gluaiseacht na Gaelscolaíochta le leathchéad bliain anuas. Ba chomhghuaillíocht é Conradh na Gaeilge aimsir na hAthbheochana idir daoine meánaicmeacha den chuid is mó agus le hionadaíocht ina dhiaidh sin ón lucht oibre, de réir mar a d'fhorbair an eagraíocht. Bunaíodh cuid mhaith de ghluaiseacht na Gaelscolaíochta sna Sé Chontae Fíchead ó 1969 ar aghaidh ar dhúshraith de Chonradh na Gaeilge nó ar chumann Ghaelacha a raibh baill den Chonradh ag feidhmiú iontu. Ní aon ionadh, más ea, go mbeadh an cruth aicmeach céanna ar ghluaiseacht na Gaelscolaíochta is a bhí ar Chonradh ré na hAthbheochana agus an fheachtasaíocht ar son an oideachais a bhí lárnach, rud ar spéis leis an meánaicme den chuid is mó. Spreagadh an ghluaiseacht ó dheas i gceantair mheánaicmeacha i mBaile Átha Cliath ar dtús, i gceantair a raibh dlús de lucht labhartha na Gaeilge fadbhunaithe iontu. De réir mar a leathnaigh bruachbhailte cathracha an stáit tháinig dream chun cinn a raibh an mhaoín agus an t-am acu troid ar son cúis nár chúis ábharaíoch shoiléir a bhí ann, ach cúis chultúrtha. Nuair a bunaíodh Scoil an tSeachtar Laoch i mBaile Munna, an chéad Ghaelscoil de chuid an lucht oibre ó dheas, cé go raibh go leor fadhbanna sóisialta sa cheantar, tháinig dream a raibh cinnteacht tithíochta agus fostaíochta acu le chéile leis an gcuspóir céanna a bhaint amach. I mBéal Feiste, de bharr struchtúr aicmeach an phobail náisiúnaigh agus cúla lucht oibre na ngníomhaithe Gaeilge leis na blianta roimhe sin, ba ón lucht oibre formhór bhunaitheoirí Bhunscoil Phobail Feirste, cé go raibh ionchur áirithe ó dhaoine meánaicmeacha. Nuair a bunaíodh tuilleadh Gaelscoileanna ar ball bhí an pátrún céanna le sonrú—claonadh

lucht oibre sna Sé Chontae, claonadh i dtreo na meánaicme i mBaile Átha Cliath agus claonadh i dtreo an íseal-mheánaicme sna Sé Chontae Fíchead i gcoitinne. Sna Sé Chontae Fíchead, mar sin, tá bearna sa soláthar don lucht oibre.

Tá bearnaí thíreolaíocha ann lena chois sin. Tá moilliú tagtha ar an bhfás as cuimse, agus i ndáiríre, tá cuid de na Gaelscoileanna sna bailte beaga ag streachailt leis na huimhreacha a choimeád, mar atá na scoileanna Gaeltachta, agus próiseas an bhánaithe tuaithe, an uirbithé agus láraithe ag dul chun donais na ceantair sin. Thit líon na ndaltaí atá ag freastal ar Ghaelscoil i gContaetha Ros Comáin, an Longfort agus Liatroma ó 533 go 500 in achar trí bliana idir 2018 agus 2021. Ar an Longfort, thit líon na ndaltaí a bhí i nGaelscoil ó 176 go 134, titim 24%.² Mórghórsaí struchtúrtha a bhaineann le cruth an gilleagair agus smacht an stáit is cúis leis an moilliú seo i ndeireadh na dála. Ach seans go bhfuil cuid den bhunús le fáil i gcomhdhéanamh ghluaiseacht na Gaelscolaíochta féin ó dheas. Ba mhór an dealramh idir an ghluaiseacht sna 1970í—tráth a raibh gníomhaithe deonacha i réim—agus na 1990í nuair a tháinig múinteoirí chun cinn go mór mór. D’fhéadfaí a mhaíomh gur phróiseas nádúrtha é sin do ghluaiseacht oideachasúil ar bith, go mbeadh na múinteoirí ina bhfeighil de réir mar a dhéantar buanú air. Ach tá níos mó ná sin i gceist. Tugann Linda Connolly suntas do phróiseas an ‘*mainstreaming*’ a tharla ar an ngluaiseacht fheimineach in Éirinn ó na 1990í ar aghaidh. Cé go raibh cruth radacach ar an ngluaiseacht úd sna 1960í, ba ghearr go raibh cos amháin aige sa phobal agus cos eile sa chóras pholaitiúil.³ Ar an láimh amháin, is buntáiste é seo mar go dtagann tuilleadh gairmiúlacht ar an ngluaiseacht agus na heagraíochtaí a stiúirann é a deir Connolly—rud a tharla go soiléir don eagraíocht Gaelscoileanna ó 1993 go háirithe—agus bíonn tuilleadh éifeachta ag an eagraíocht ag plé leis an stát ar cheisteanna áirithe. Ach ar an taobh eile de, mar a áitíonn sí, ‘*the formalisation of organisations also has implications for coalition work within movements directing coalitions toward narrower, institutionalised strategies and tactics that make difficult the participation of informal organisations and new grass-roots activists (such as community groups) with fewer resources.*’⁴

2 Shannonside, an 21 Iúil 2023.

3 Connolly, *The Irish Women’s Movement*, 97.

4 *Ibid.*, 134.

Is ceist chigilteach í seo mar nach féidir diúltú glan do thacaíocht an stáit—an rud a bhí uaidh an ghluaiseacht ón tús ná aitheantas agus tacaíocht stáit dár ndóigh. Ach an chontúirt atá ann anois ná go súitear isteach i struchtúir an stáit an ghluaiseacht agus níl go leor coistí deonacha ann atá láidir go leor ag teacht chun cinn ón mbun aníos chun Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí a bhunú as a stuaim féin. Tá baint lárnach ag infreastruchtúr tithíochta an stáit leis an staid reatha sin—gan pobail nua a bheith ag teacht ar an bhfód, agus daoine óga ag tógáil clainne iontu, is beag seans go mbeidh coistí tuismitheoirí Gaelscoile ag teacht chun cinn. Dár ndóigh, ní haon chabhair iad rialacha na Roinne Oideachais sna Sé Chontae Fíchead le blianta beaga anuas a rialaigh gur próiseas bunaithe ón mbarr anuas, seachas ón mbun aníos, a bheadh i gceist, rud a chuir go mór le díshlógadh ghluaiseacht na Gaelscolaíochta. Cothaíonn an freasúra gníomh, go pointe, mar a áitíonn Mícheál Ó Broin, iar-Uachtarán Gaelscoileanna:

Tá barúil agamsa agus feicim é i ngnéithe eile—nuair nach bhfuil airgead ag scoil, ag cumann peile... agus go mbíonn ar dhaoine gníomhú, troid éigin a bheith acu chun an rud an bhaint amach má chreideann siad láidir go leor ann éiríonn leis. Dá mbeadh an t-uafás airgead caite leis agus nach mbeadh aon achrann ann is dócha go n-éireodh cuid de na rudaí ró-éasca agus b'fhéidir nach mbeadh an fuinneamh nó an tine sa bholg mar atá ag muintir na Gaeilge... tá an choimhlínt uafásach nuair a tharlaíonn sé... ach ceapaim go dtreisióinn sé an rud ar bhealach aisteach agus aon rud a bhaintear amach ansin tá luach iontach air.⁵

Ach is mithid spás éigin sna struchtúir agus polasaithe bunaithe chun an gné dheonach a éascú nó is ag snámh in aghaidh an tsrutha go hiomlán a bheadh ann. Tá sé an-deacair anois ó dheas, murab ionann ó am go chéile sna Sé Chontae Fíchead agus ar bhonn ní ba leanúnaí sna Sé Chontae san am atá thart, feidhmiú lasmuigh de na struchtúir oideachais. Le blianta beaga anuas, rinne coiste amháin san Uaimh iarracht bunú lasmuigh de chóras na roinne. Ach, mar a deir Bláthnaid Ní Ghréacháin:

Bhí an-chuid oibre, an-chuid tiomsú airgid, an-chuid gach rud. Bhí orthu múinteoirí a earcú iad féin... Ní raibh an roinn chun tacú leis. Bhí an t-uafás fuinnimh agus airgid de dhíth. Ní fhaca mise ar aon nós gur bhealach fiúntach é a bheith ag úsáid ár gcuid acmhainní agus gurbh fhearr i bhfad dul i bhfeidhm ar chóras na roinne chun a chinntiú go mbeadh na cearta le

haghaidh oideachas lán-Ghaeilge mar chuid dá gcóras. Ní raibh an neart agus an chumhacht againn a bheith ag obair lasmuigh den chóras sin.⁶

Ní hé sin le rá go mbeadh sé dodhéanta gluaiseacht neamhspleách nó Gaelscoil féinriartha a bhunú, ach bheadh fréamhacha doimhne de dhíth sa phobal ar dtús, agus, dár ndóigh, tá an ceart ag Ní Ghréacháin sa mhéid is gur pobal imeallaithe é pobal na Gaelscolaíochta agus na Gaeilge. Bheadh sé deacair an carr a chur roimh an gcapall agus Gaelscoil a riaradh go deonach gan pobal láidir Gaelach, nó ar a laghad náisiúnach agus coinsiasach go polaitiúil, sa chomharsanacht mar dhúshraith láidir.

Is ceist reatha agus tábhachtach í, mar sin, an gaol idir an Ghaelscoil agus an pobal lasmuigh di. Ceist í a tháinig aníos go minic sna hagallaimh bhéil a bhí mar chroílár an leabhair seo. Tá tráchtairí áirithe, amhail Tomás Mac Síomóin, amhrasach go maith faoi ról na Gaelscolaíochta i gcothú pobal urlabhra Gaeilge. *‘With few exceptions,’* ar sé *‘the Gaelicisation of Gaelscoil pupils is seldom heard beyond the school gate, where the dominion of their comfort language, English, more often than not, immediately re-asserts itself.’*⁷ Thiar in 1970 thuig leithéidí an Chadhnaigh an róbhéim a bhí ar scoileanna chun an Ghaeilge a shlánú agus na deacrachtaí a bhain leis:

Cuid den chrann smala atá ar an nGaeilge go bhfuil chuile shórt dhá mbaineann léi snamtha le scolaíocht. Ní bhfaighe gasúr deontas deich bpunt na Gaeilge sa nGaeltacht dhá mbeadh sé céad uair in a chainteoir dúchais cho hiomlán le Seanchán Torpéist, d’uireasa an oiread seo laethantaí a bheith curtha isteach sa scoil aige an bhliain sin. Shílfeá gur cuntar é a cuireadh ann d’aon úim len a ndóthain Gaeilge le cáiliú a bheith foghlamtha sa scoil ag muintir na gceantar seo nach hí an Ghaeilge a labhartar iontu. Scoill! Scoill! Scoill!⁸

Agus ní raibh luathbhunaitheoirí ghluaiseacht na Gaelscolaíochta dall ar an deacracht lárnach sin ach oiread. D’éirigh na Gaelscoileanna as coistí beaga de Ghaeil a bhí i gcomhluadar a chéile, ach ní fíis oideachasúil amháin a bhí acu, ach fíis athréimnithe Gaeilge agus an Ghaelscoil ina chroílár. Breathnaíodh ar an nGaelscoil mar an chéad

6 Agallamh.

7 Mac Síomóin, *The Gael Becomes Irish*, 118.

8 Máirtín Ó Cadhain, *Gluaiseacht na Gaeilge, Gluaiseacht ar Strae* (Misneach, 1970), 5.

chéim i straitéis níos leithne chun an teanga a chur i mbéal an phobail i gcoitinne. Sna Sé Chontae Fíchead déanadh iarracht an scéim ‘Deiseanna úsáide labhairt na Gaeilge’ a chur ar bun ag leibhéal an stáit in 1999, ach theip air ceal acmhainní. Déanann cuid de na príomhoidí Gaelscolaíochta a ndícheall leas a bhaint as an institiúid ina bhfuil siad i bhfeighil mar eiseamláir don Ghaeilge sa phobal. Ach ní féidir an dualgas sin a leagan orthu gan struchtúr maoinithe comhthreomhar leis an nGaelscolaíocht a bhunú. Tuigeadh, tar éis achar ama gairid, nach féidir le bunscoil ná meánscoil nósanna teanga an phobail lasmuigh di a athrú agus go raibh gá le rud éigin breise chun an teanga a thabhairt ‘thar gheataí na scoile.’ Cé go léiríonn figiúirí daonáirimh le blianta beaga anuas go bhfuil toradh dearfach ag an nGaelscolaíocht ar líon na gcainteoirí Gaeilge i gceantair éagsúla sna Sé Chontae Fíchead,⁹ is scéal éagsúil ar fad é líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa phobal. Ní féidir a rá go bhfuil ag éirí leis na Gaelscoileanna iontu féin an teanga a thabhairt ar ais mar theanga phobail ainneoin go bhfuil an tobar dea-thola don teanga á neartú acu. Cé gur údar imní é sin, mar a deir Breandán Mac Cormaic, ‘ceapaim go gcaithfear a aithint nach féidir leis na scoileanna lán-Ghaeilge míorúilt a dhéanamh ach ní chiallaíonn sé sin nach ndéanann siad obair an-íontach ar fad.’ B’fhéidir, ar sé, ‘go bhfuil eagrais eile ag teastáil’ chun an obair lasmuigh de gheataí na scoile a dhéanamh. Bíodh is go bhfuil leithéidí Ógras, Cumann na bh-Fiann, Gael-Linn agus Glór na nGael ann cheana, is gá é a dhéanamh ar scála níos i bhfad níos mó, a deir Mac Cormaic.¹⁰ An bhuncheist arís, más ea, ná ganntanas acmhainní agus an easpa eagrais nó a laghad tionchar atá ag na heagraíochtaí pobail atá ann cheana a eascraíonn as an nganntanas sin.

I dtéarmaí dul chun cinn na Gaelscolaíochta sna Sé Chontae tá bearnaí ollmhóra tíreolaíocha i gcónaí a gcruthaíonn an deighilt eitni-reiligiúnda, ach tá tús dóchasach curtha le sin a leigheas in Oirthear Bhéal Feirste le bunú Náiscoil na Seolta in 2021 agus é mar aidhm ag lucht a bhunaithe Gaelscoil a chur ar an bhfód ar ball, rud atá anois ar na bacáin agus bailchríoch á chur ar an leabhar seo. I roinnt Gaelscoileanna tuaithe ach go háirithe tá freastal idirchreidmheach ann mar tuar dóchais. ‘Sé an chríochdheighilt agus smacht mí-dhaonlathach an

9 *Tuairisc.ie*, an 23 Meitheamh 2023.

10 Agallamh.

mionlach Aontachtaithe an laincis is mó ar fás na Gaelscolaíochta sna Sé Chontae. Cé go bhfuil an earnáil ag fás go leanúnach i dtéarmaí líon na ndaltaí a fhreastalaíonn ar Ghaelscoil, níl Gaelscoileanna nua á mbunú go córasach agus níl ach dhá Ghaelcholáiste sa stát chun freastal ar na páistí a fhágann an Ghaelscoil gach bliain. Ach murab ionann agus an scéal ó dheas, bunaíodh an pobal, Bóthar Seoighe, roimh an scoil. Bunaíodh Bunscoil Phobal Feirste chun freastal ar phobal Gaelach a bhí ann cheana agus a d'fhás ó shin. Agus an tuiscint sin faoi thábhacht na Gaeilge sa phobal i réim ón tús, agus leis an nGaelscolaíocht mar chrann taca, cruthaíodh an comhthéacs don fhás atá tagtha ar líon na gcainteoirí laethúla i gcathair Bhéal Feirste le blianta beaga anuas agus 13,110 ann anois.¹¹ Tá spreagadh níos láidre díchoilínithe i measc an phobail dlúth náisiúnach agus poblachtach de chuid an lucht oibre ó thuaidh ná mar atá ó dheas. Leagtar béim níos mó ar an mbunchloch sin den phróiseas díchoilínithe, an féintuilleamaí.

Cé go bhfuil tábhacht áirithe ann go mbeadh gradam ag an nGaeilge i measc na meánaicme ó dheas, is mithid anois, agus an ghluaiseacht ag crosbhóthar i dtéarmaí an fháis agus constaicí na roinne de, díriú ar óige an lucht oibre, óir is ón gcóhort sin a spreagadh an Dream Dearg ó thuaidh a bhain amach an tAcht Teanga le déanaí. Má tá mórfhadhbanna na Gaeilge le réiteach ó dheas—meath na Gaeltachta, cúlú na Gaeilge sa chóras oideachais agus sa státseirbhís, agus an bac atá roimh dhul chun cinn na Gaelscolaíochta—is mithid splanc feachtasaíochta teacht as áit éigin úr. Cá bhfios an bhféadfadh splanc dá leithéid teacht ó na hÉireannaigh nua atá sa chóras Gaelscolaíochta ó dheas? Ag an bpointe seo dealraíonn sé nach dtiocfaidh óir níl an líon ard go leor. Ach tá taighde tábhachtach déanta a aithníonn an méid sin agus moltaí maithe curtha faoi bhráid an phobail chun an staid reatha a leigheas. Is cosúil nach dtiocfaidh an t-ugach atá de dhíth chun dúshláin na Gaelscolaíochta a leigheas ón stát i bhfianaise na staire, mar sin chaithfeadh sé teacht ón bpobal féin. Mura mbeadh ar an óige aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim tithíochta, ar an imirce, agus, lena chois sin, ar an ngéarchéim aeráide, is mó seans go mbeadh an t-am agus an acmhainn acu tabhairt faoi cheist na Gaelscolaíochta agus na Gaeilge, Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí úra a bhunú, agus an teanga a fhoghlaim agus a sheachadadh go dtí an chéad ghlúin eile.

11 *Irish Independent*, an 23 Márta 2023.

Ach mar a sheasann cúrsaí níl sé de rogha ag cuid acu tabhairt faoi na nithe sin. Is ceist ábharáíoch agus ceist acmhainní í ceist díchoilínithe na Gaelscolaíochta. Agus peann á chur le pár agam anois tá farasbarr 8 billiún euro ag an rialtas ó dheas.¹² Idir 2012 agus 2022, i dtuairisc de chuid na heagraíochta Oxfam, mhéadaigh líon na milliúnaithe sna Sé Chontae Fíchead a bhfuil maoin os cionn €45 milliún acu, lena n-áirítear roinnt billiúnaithe chomh maith, faoi dhó ó 655 go 1,435.¹³ Ag an am céanna deir an Roinn Oideachais agus an tAire Oideachais Norma Foley nach bhfuil a dhóthain éilimh ar Ghaelcholáistí i nDeisceart Bhaile Átha Cliath ná i gContae Mhaigh Eo ina iomláine.¹⁴ Cinntí polaitiúla agus aicmeacha iad seo lucht an rachmais a chosaint agus cos ar bolg a chur ar an nGaelscolaíocht.

Cé go bhfuil moill lena fhoilsiú agus go bhfuil an Roinn Oideachais tar éis beag is fiú a dhéanamh den éileamh ar an nGaelscolaíocht i réamhthuirisc ar an bpolasaí, is údar dóchais atá sa mhéid spéise a léiríodh sa phróiseas comhairliúcháin don Pholasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge Lasmuigh den Ghaeltacht agus go mbeidh an polasaí á fhorbairt ar an mbonn sin.¹⁵ Tuar dóchais atá sa dúshraith láidir de Ghaelscoileanna agus Gaelcholáistí atá ann ó thuaidh agus ó dheas agus sa Pholasaí Oideachais Gaeltachta a bhunaíonn na scoileanna lán-Ghaeilge sna ceantair leochaileacha sin. Ag éirí as an dúshraith seo tá idé-eolaíocht díchoilínithe, bíodh sé bog nó láidir, follasach nó folaithe, atá á thiomnú ó aimsir na hAthbheochana agus a athneartaíodh ó na 1970í ar aghaidh. Cé go mbíonn an idé-eolaíocht solúbtha in amanna agus lipéid éagsúla á gcur air agus cé go mbíonn sé á chur in oiriúint do thréimhsí éagsúla ina n-athraíonn an geilleagar nó an tsochaí, ag croílár na fealsúnachta ná an tuiscint gur gá an Ghaeilge athréimniú. Tá tuairimí éagsúla ann ar an gcur chuige agus an ceann scríbe, ach tá formhór na n-oideachasóirí agus na ngníomhairí, agus na ndaltaí a thagann faoina n-anáil, ar aon intinn gur gné thábhachtach de shochaí na hÉireann í an Ghaeilge. Éacht ann féin, nuair a thugtar san áireamh na fórsaí ollchumhachtaí teangeolaíochta agus geilleagracha atá ag feidhmiú ina choinne, gur ann don idé-eolaíocht sin i gcónaí

12 *Irish Times*, an 23 Aibreán 2023.

13 *Irish Examiner*, an 16 Eanáir 2023.

14 *Tuairisc.ie*, an 12 Eanáir, an 29 Márta 2023.

15 *Tuairisc.ie*, an 23 Bealtaine 2023.

agus é ann go leanúnach. Mar atá ráite ag Vincent Morley, i leith an ochtú aois déag:

Discontinuities will always be obvious to those whose concern is with histoire événementielle—the superficial ‘history of events’ in which monarchs die, ministries fall, and régimes change. But continuity is invariably more important than change for the great majority of people in any society. Communities transmit their traditions—religious beliefs and practices, songs and legends, ethnic identities, communal memories, political allegiances—from generation to generation.¹⁶

Tá neart rialtais éagsúla agus pearsantachtaí éagsúla tar éis teacht agus imeacht le linn an leathchéid bliain atá gluaiseacht na Gaelscolaíochta ar an bhfód. Ach tá córas bunaithe anois le struchtúir tha-caíochta amhail Gaeloideachas, an Foras Pátrúnachta, COGG agus Comhairle na Gaelscolaíochta, gur féidir leis an idé-eolaíocht fhorchéimnitheach Ghaelach sin a sheachadadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Níor chóir dearmad a dhéanamh ar na hÍobairtí pearsanta a rinneadh chun an t-éacht seo a bhaint amach, an crá croí, ar an maoin phearsanta a ofráladh, ar an allas a sileadh, agus ar am a caitheadh ar bhonn deonach. ‘Bhí mise i gcónaí meallta ag díograis na ndaoine go léir gur bhuail mé leo thar na blianta,’ arsa Jacqueline Ní Fhearghusa. ‘Nuair a thosaigh mé ag plé leis an nGaelscolaíocht 30 bhliain ó shin agus na daoine ar bhuail mé leo ar an aistear sin ba dhaoine ar leith iad a bhí sásta an fód a sheasamh agus a rinne é gan aon leas pearsanta in aon chor a bhaint as.’¹⁷ Má shamhlaítear forbairt na gluaiseachta i *longue durée* an choilíneachais agus an díchoilíniúithe a d’fhorbair chun dúshlán a thabhairt don chóras sin, mar a mhíníonn Dónal Ó hAiniféin, níl aon dabht ach go ndearnadh gaisce:

Ceapaim go bhfuil deiseanna ann anois cuid de na ceisteanna seo a phlé ar bhealach i bhfad níos macánta agus oscailte, toisc go bhfuilimid san Eoraip, toisc go bhfuil an Bhreimeacht tar éis tarlú, toisc go bhfuil daoine níos oscailte anois, toisc go mb’fhéidir go bhfuil tuiscintí níos fearr ag daoine mar gheall ar an díchoilíniú gur gá a dhéanamh ar aigne na nGael, cuid acu. Agus féachaint ar an tionchar atá imeartha ag an gcoilíneachas orainne le 700 bliain. Bhíos ag éisteacht le déanaí le duine éigin ag caint faoi Reachtanna Chill Chainnigh agus na céad iarrachtaí dlíthiúla an Ghacilge a chur faoi chois agus an iománaíocht a chur faoi chois. Agus bhíos ag ceolchoirm le déanaí le Steve Cooney agus é ag caint faoi 1603 nuair a déineadh iarracht na cruitirí agus na cláirseoirí go léir a mharú agus na cláirsigh agus na cruiteannaí a scri-

16 Morley, *The Popular Mind in Eighteenth-Century Ireland*, 309.

17 Agallamh.

os agus a bhriseadh... Nuair a smaoiníonn tú ar an gcomhthéacs sin—gan trácht ar na Péindlithe, agus Acht an Aontais, agus, mar a deirim *the murder machine* agus é sin ar fad—tá éacht déanta sa tréimhse gairid a bhfuilimid ag caint air. Tá muidne ag caint ar thréimhse an-ghairid i stair an oideachais agus stair na Gaoluinne, le... caoga bliain anuas agus an Athbheochan sin atá tarlaithe leis na Gaelscoileanna. Is cúis ceiliúrtha agus bróid agus áthais an obair sin ar fad.¹⁸

Próiseas na gcéadta bliain a bhí sa choilíneacht a chuir an ruaig ar an nGaeilge. Tá tús den scoth curtha ag gluaiseacht na Gaelscolaíochta le leathchéad bliain anuas aisiompú a dhéanamh ar dhochar an phróisis úd. Go maire sí an céad.

Advanced Review Copy

18 Ó hAiniféin 2021.



AGUISÍN

COISTE NA BUNSCOILE, SCOIL NEASÁIN, c. 1969

Brian Ó Baoill (Cathaoirelach), 291 Páirc Chill Fhiontáin, Feidhmeannach Gnótha

Séamas Ó Maolaí (Leas-Chathaoirleach), 78 Páirc Chill Fhiontáin, Feidhmeannach Gnótha

Michael Grae (Rúnaí), 23 Bóthar an Stáisiúin, Cill Fhiontáin, Múinteoir Gairmoideachais

Fionnuala Bn. Uí Loclainn (Cisteoir), 35 Páirc Choill Mhuire, Ráth Éanna, Bean Tí

Dorren Bn. Uí Shiochrú, 21 Corrán Choill Mhuire, Bean Tí

Lauri Bn. Uí Raghallaigh, 19 Casán na gCéadras, Bean Tí

Mícheál Ó Cróinín, 5 Br. an Mhullinn, Fo-Eagarthóir

Tomás Ó Ruairí, 6 Ascail Bhreandáin, Tuairisceoir Nuachtáin

Sorcha Ní Fhaith, 379 Br. Bhinn Éadair

An Dr. Pádraig Mac Grianna, 43 Páirc Sionnaigh, Feidhmeannach Gnótha

Beití Bn. Uí Bhaoill, 291 Páirc Chill Fhiontáin, Bean Tí

Nóra Bn. Uí Riain, 5 Céide Cheann Coradh, Cluain Tarbh, Bean Tí.

Sorcha Ní Fháidh, 379 Br. Bhinn Éadair, Státseirbhíseach. [a bhí liostáilte mar chuid den baill an Chomhlachta, ach ní ar an liosta a bhain leis an gCoiste]

Foinsí: Liosta ainmneacha de Choiste na Bunscoile, Scoil Ráth Éanna, gan dáta ('Scoil Gaelach, Ráth Éanna,' Cáipéisí an Monsignor Fitzpatrick, Bunoidéachas Ginearálta, Páipéir McQuaid, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath, Bosca 33, 200-204); Doiciméad maidir leis an Acht Comhlachta (1963), gan dáta ('Scoil Gaelach, Ráth Éanna,' Cáipéisí an Monsignor Fitzpatrick,

Bunoideachas Ginearálta, Páipéir McQuaid, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath, Bosca 33, 200-204); Doiciméad maidir leis an Acht Comhlachta (1963), gan dáta ('Scoil Gaelach, Ráth Éanna,' Cáipéisí an Monsignor Fitzpatrick, Bunoideachas Ginearálta, Páipéir McQuaid, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath, Bosca 33, 200-204).

COISTE THUISMITHEOIRÍ BHAILE MUNNA

Léiríonn na miontuairiscí ó Choiste Thuismitheoirí Bhaile Munna na daoine a bhí páirteach. I láthair ag cruinniú den choiste ar an 2 Iúil 1973, bhí: Brendan Pringle (Cathaoirleach); Bean Uí Longáin (Rúnaí); an tAthair Ó Coighligh, Antóin Mac Giolla Rua, Proinsias Ó Tuathail, Seán Ó Conaill, Bean Uí Chonaill, Bean Uí Mhuireagháin, Bean Mhic Ghiolla Rua, Bean Mhic Chárthaigh, chomh maith le Andréas Ó Boltún a tháinig ag an gcéad cruinniú eile.

Foinse: Miontuairiscí, Coiste Thuismitheoirí Bhaile Munna, 9 Iúil 1973 (Páipéir Phríobháideacha Cholm Uí Thorna).

COISTE BUNAITHE GAELSCOIL DHÚN DROMA—SCOIL NAITHÍ

An tAthair C. de Lón (Ainmní an Ardeaspaig), Eilís Bean Uí Chua-naigh, Cáit Bean Uí Chonalláin, Diarmaid Ó Bréartúin, Mathúin Mac Fheorais (Rúnaí).

Foinse: Inniu, Iml 30, Uimh 39, 25 Bealtaine, 1973, lth. 1.

COISTE DE CHOMHDHÁIL NA SCOILEANNA GAELACHA, A BUNAÍODH IDIR AN 21-23 AIBREÁIN 1972 I GCATHAIR NA GAILLIMHE

Uachtarán: An tAthair Dónal Mac Suibhne (Príomhoide, Ardscoil Mhuire, Doire Beag, Dún na nGall)

Leas-Uachtarán: An tAthair Connla Ó Dubhshláine, S.I. (Coláiste Iognáid, Cathair na Gaillimhe)

Rúnaí: Niall Ó Murchadha (Scoil Iognáid, Cathair na Gaillimhe)

Cisteoir: An tAthair S. Mac Amhlaoibh, S.I. (An Corrán, Luimneach)

Baill eile an choiste:

An tSiúr Assumpta (Príomoide, Clochar Lughaidh, Coillte Mách, Maigh Eo)

An Bráthair S.P. Ó Dúgáin (Príomhoide, Coláiste Eoin, BÁC)

Peadar Mac an Iomaire (An Scoil Cuimsitheach, An Cheathrú Rua, Gaillimh)

Máiréad Bean Uí Fháthartha (Coláiste Chroí Mhuire, An Spidéal, Gaillimh)

An tOllamh Máirtín Ó Mhurchú (Coláiste na Tríonóide, BÁC)

Seosamh Mac Eoin (Príomhoide, Gairmscoil Chill Rónáin, Gaillimh)

Pádraig Ó Ceardha (Scoil Náisiúnta Cnoc na hAille, Baile an Róba, Maigh Eo)

Shínigh na daoine seo a leanas litir thar cheann an choiste shealadaigh in 1971: C. Ó Dubhshláine, S.J. (Coláiste Iognáid, Cathair na Gaillimhe), P. U. Ó Néill (Coláiste Mhuire, BÁC), An tSiúr Eibhlín (Scoil Chaitríona, BÁC), An tSiúr M. Victoire (Coláiste Íosagáin, BÁC), An Bráthair S. P. Ó Dúgáin (Coláiste Eoin, BÁC), P. Mac Brádaigh, S.J. Agus S. Mac Amhlaidh S.J.

Foinse: Ní Fhearghusa, 'Gaelscoileanna: Stair na hEagraíochta, 1973-1998,' *lig.* 17-18.

COISTE RIARTHA GHAELSCOILEANNA 1988/89

UACHTARÁN	BREANDÁN MAC CORMAIC
LEAS-UACHTARÁN	UINSEANN MAC THÓMAIS
RÚNAÍ (SEALADACH)	DEIRDRE SIOBHAIRT
LEAS-RÚNAÍ	MICHEÁL Ó BRAONÁIN
CISTEOIR	DR. DÓNALL Ó BAOILL
BAILL	MÁIRE UÍ AINNÍN, NIALL Ó MURCHADHA, HEILMI BN. SAIDLÉIR, AN BR. Ó NÉILL, AN tSIÚR CAITRÍO- NA, TREASA NÍ EACHTIGHEARN, SEÁN Ó NUANÁIN, TOMÁS MAC RUAIRÍ, IARLA Ó LIONAIRD, PÁDRAIG MAC FHEARGHUSA, SEÁN Ó SIOTHCHÁIN, CATHAL Ó LUAIN, ÁINE NÍ RIAIN

BAILL NA BHFOCHOISTÍ

AN FOCHOISTE OILIÚNA
CATHAL Ó LUAIN (CATHAOIRLEACH) MÁIRE UÍ AINNÍN
AN FOCHOISTE TAIGHDE AGUS EOLAIS DEIRDRE SIOBHAIRT (CATHAOIRLEACH) DR. DÓNALL Ó BAOILL DEIRDRE UÍ GHRÁDAIGH BRIAN Ó LOCHLAINN GEARÓID Ó CIARÁIN
AN FOCHOISTE IARBHUNSCOLAÍOCHTA AN tSR. CAITRÍONA (CATHAOIRLEACH) HEILMI BN SAIDLÉAR AN BR. Ó NÉILL PROINNSIAS Ó HAILÍN MÁIRE NÍ MHAELDÚIN AN BR. Ó LOCHLAINN

Foinse: *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta, Uimhir 6, Samhain 1988, lth.3.*

AN FORAS UM OIDEACHAS TRÍ GHAEILGE
AN COISTE CEANNAIS, c. 1990

AINM	SEOLADH	POST
CATHAOIRLEACH: BREANDÁN MAC CORMAIC	BRUACHBHAILE ‘SAIBHIR’	FEAR GNÓ
RÚNAÍ: UINSEANN MAC THÓMAIS	BRUACHBHAILE ‘SAIBHIR’	STÁTSEIRBHÍSEACH
CISTEOIR: SEÁN Ó NUANÁIN	BRUCHBHAILE ‘BEAGÁNÍN FAOI MHÍBHUNTÁISTE’	STIÚRTHÓIR EAGRAÍOCHTA Ó 1994 AR AGHAIDH
FIONBARRA Ó BROLCHÁIN	BRUACHBHAILE ‘BEAGÁNÍN ÓS CIONN AN MHEÁIN’	LÉACHTÓIR
FÉILIM Ó HÁDHMAILL	BRUACHBHAILE ‘GO MÓR FAOI MHÍBHUNTÁISTE’	LÉACHTÓIR
DÓNAIL Ó BAOILL	BRUACHBHAILE ‘BEAGÁNÍN ÓS CIONN AN MHEÁIN’	LÉACHTÓIR
MÍCHEÁL Ó RIABHAIGH	BRUACHBHAILE ‘BEAGÁNÍN FAOIN MEÁN’	-

Foinse: Liosta seoltaí dár dteideal ‘Coiste Ceannais: An Foras,’ Páipéir Príobháideacha Uinseann Mhic Thomáis

COISTE RIARTHA GAELSCOILEANNA, 1991

Uachtarán: Dónall Ó Baoill, Scoil Oilibhéir

Leas-Uachtarán: An Bráthair Ó Néill, Coláiste Mhuire

Rúnaí: Vivian Uíbh Eachach, Scoil Chaoimhín

Leas-Rúnaí/Oifigeach Caidreamh Phoiblí: Tomás Ó hEochaidh, Scoil Aonghusa

Cisteoir: Mícheál Ó Riabhaigh, Gaelscoil Chluain Dolcáin

Baill eile an Choiste Riarta:

Cúige Uladh: Áine Andrews, Béal Feirste

Cúige Chonnacht: Niall Ó Murchadha, Scoil Iognáid

Cúige Mumhan: Niamh Ní Mhaoláin, Gaelscoil an Athair Tadhg Ó Murchú

Cúige Laighean: Pádraig Ó Ruanaí, Gaelscoil na Cille

Baile Átha Cliath: Cathal Ó Luain, Coláiste Chlilliaín

Treasa Ní Eachtighreann, Gaelscoil Phort Láirge

Brenda Ní Shúilleabháin, Scoil Chrónáin

Caitríona Ní Fhiannachta, Gaelscoil Donncha Rua

Mairéad Uí Mhadoc, Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc

Seán Mac Cionnaith, Gaelscoil Cholmchille

Helmi Bean Saidléar, Coláiste Mhuire

Foinse: Nuachtlitir Gaelscoileanna, 31 Bealtaine 1991

**TINREAMH AR CHRUINNIÚ DEN CHOISTE
RIARTHA, 14 MEITHEAMH 1996**

I LÁTHAIR
VIVIAN UÍBH EACHACH (SA CHATHAOIR)
DÁITHÍ Ó MURCHÚ
CATHAL Ó LUAIN
CATHAL Ó DONNGHAILE
DÓNALL Ó CONAILL
DONNCHA Ó CEALLACHÁIN
SEÁN Ó BRIAIN
NIAMH NÍ MHAOLÁIN
MICHAEL Ó RIABHAIGH
DÓNALL Ó BAOILL
IARLA MAC AODHA BHUI
AN tSR CATHERINE OP
PEIG Ó BÁILLE
SEÁN Ó NUANÁIN
HELMÍ BN SAIDLÉAR
DOMHNALL Ó LOINSIGH
LEITHSCÉALTA:
BREANDÁN MAC CORMAIC
TOMÁS Ó hEOCHADH
MÁIRÉAD MHADOC

Foinse: Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riarta, 1995-2001, Páipéir Priobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic.

**AINMNIÚCHÁIN DO BHORD STIÚRTHA
GAELSCOILEANNA, 2000**

OIFIG	AINM	AINMNITHE AG:
UACHTARÁN	NIAMH NÍ MHAOLÁIN	SCOIL IOGNÁID SCOIL AN ÁTHAR TADHG Ó MURCHÚ SCOIL PHÁDRAIG GAELSCOIL BHEANNTRAÍ GAELSCOIL MHICHÍL CHÍÓSÓIG
LEAS-UACHTARÁN	DÓNAL Ó hAINIFÉIN	GAELSCOIL BHEANNTRAÍ SCOIL PHÁDRAIG SCOIL AN ÁTHAR TADHG Ó MURCHÚ GAELSCOIL MHICHÍL CHÍÓSÓIG
	IARLA MAC AODHA BHUÍ	SCOIL IOGNÁID
RÚNAÍ OINIGH	IARLA MAC AODHA BHUÍ	GAELSCOIL BHEANNTRAÍ GAELSCOIL MHICHÍL CHÍÓSÓIG
	SEÁN Ó BRIAIN	SCOIL IOGNÁID
LEAS-RÚNAÍ OINIGH	SEÁN Ó BRIAIN	GAELSCOIL BHEANNTRAÍ GAELSCOIL MHAINISTIR AN CORANN SCOIL AN ÁTHAR TADHG Ó MURCHÚ GAELSCOIL MHICHÍL CHÍÓSÓIG
	DÓNAL Ó hAINIFÉIN	SCOIL IOGNÁID
CISTEOIR	MÍCHEÁL Ó RIABHAIGH	GAELSCOIL BHEANNTRAÍ SCOIL PHÁDRAIG SCOIL IOGNÁID GAELSCOIL MHICHÍL CHÍÓSÓIG
OIFIGEACH CAIDRIMH POIBLÍ	FIONNUALA NÍ CHAISIL	SCOIL PHÁDRAIG SCOIL IOGNÁID GAELSCOIL MHICHÍL CHÍÓSÓIG
OIFIGEACH POLASÁÍ & PLEANÁLA	BREANDÁN MAC CORMAIC	SCOIL IOGNÁID GAELSCOIL BHEANNTRAÍ GAELSCOIL MHICHÍL CHÍÓSÓIG

GNÁTH STIÚRTHÓIRÍ	AINMNITHE AG:
ESTHER GOBL UÍ NUALLÁIN	GAELSCOIL AN LONGFOIRT SCOIL PHÁDRAIG
FIONNUALA NÍ CHAISIL	COLÁISTE AN PHIARSAIGH
MÁIRE NÍ SHLATARA	COLÁISTE AN PHIARSAIGH GAELSCOIL MHÍCHÍL CHÍOSÓIG
NIAMH NÍ MHAOLÁIN	GAELSCOIL BHEANNTRAÍ
SEÁN Ó BRIAIN	GAELSCOIL BHEANNTRAÍ SCOIL AN ÁTHAR TADHG Ó MURCHÚ
DÓNAL Ó HAINIFÉIN	GAELSCOIL BHEANNTRAÍ
FEARGHAS MAC LOCHLAINN	SCOIL IOGNÁID
MÁIRE NÍ CHARTÚIR	SCOIL IOGNÁID
TOMÁS MAC PHÁIDÍN	SCOIL IOGNÁID
HELMÍ BEAN SAIDLÉAR	SCOIL IOGNÁID
AN tSr CATHERINE	SCOIL IOGNÁID
CATHAL Ó LUAIN	GAELSCOIL MHÍCHÍL CHÍOSÓIG
SEÁN Ó NUANÁIN	GAELSCOIL MHÍCHÍL CHÍOSÓIG
DAIRÍONA NÍ AN IOMAIRÉ	GAELSCOIL MHÍCHÍL CHÍOSÓIG
NÍALL Ó MURCHADHA	GAELSCOIL MHÍCHÍL CHÍOSÓIG
DÓNALL Ó CONAILL	GAELSCOIL MHÍCHÍL CHÍOSÓIG
CATHAL Ó DONNGHAILE	GAELSCOIL MHÍCHÍL CHÍOSÓIG
TOMÁS Ó MUNNGHAILE	GAELSCOIL MHÍCHÍL CHÍOSÓIG
CARMEL MHC AIRT	GAELSCOIL MHÍCHÍL CHÍOSÓIG
COLMÁN Ó DRISCEOIL	GAELSCOIL MHÍCHÍL CHÍOSÓIG

Foinse: Gaelscoileanna, Miontnairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, Páipéirí Priobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic.

CRUINNIÚ CINN BHLIANA FORAS
PÁTRÚNACHTA NA SCOILEANNA LÁN-GHAEILGE
DÉ SATHARN, 25 BEALTAINÉ, 1996
BRÚ BORÚ, CAISEAL

AINM	SCOIL
CARMEL NIC AIRT	GAELSCOIL CHLOCH NA GCOILLTE
NOLLAIG NÍ CHARTHAIGH	GAELSCOIL DHROICHEAD NA BANNDAN
[DOLÉITE]	GAELSCOIL AN GHORT ÁLAINN
SÍLE NÍ LOINGSIGH	GAELSCOIL DHOCHTÚIR UÍ SHÚILLEABHÁIN, AN SClOBAlRÍN
SEÁN Ó CIARDA	GAELSCOIL CHLUAIN MEALA
BRIAN Ó MAOILCHlARÁIN	GAELSCOIL THIOBRAID ÁRAINN
EILÍS UÍ SANDAIR	CILL [?]
TREASA UÍ RIAGÁIN	GAELSCOIL CHILL DARA
SÉAMUS Ó SÚILLEABHÁIN	COISTE PÁTRÚNAGHTA AN FHORAIS
EOIN Ó TUAMA	COISTE PÁTRÚNACHTA AN FHORAIS
LORCÁN MAC GABHANN	GAELSCOIL THAOBH NA COILLE
SÚIN UÍ MHATHÚNA	GAELSCOIL INIS CÓRTHAIDH
BRIAN MAC UAlD	GAELSCOIL EOIS CO MhUINEACHÁIN
EIBHLÍN NÍ FHLOINN	GAELSCOIL INIS CÓRTHAIDH
AINM	SCOIL
CORMAC Ó CIONNAITH	GAELSCOIL NA CRUAICHE
DONALL Ó BAOILL	BAILE MUNNA
CORMAC [S Ó CIONNI?]	GAELSCOIL NA CRUAICHE, CATHAIR NA MART
ADRIENNE NÍ GHEALAGÁIN	GAELSCOIL CHILL MHANTÁIN
EILEEN O'REILLY	GAELSCOIL CHILL MHANTÁIN
TRAOLACH Ó DONNABHÁIN	GAELSCOIL CHLOCH NA GCOILLTE
MAIRÉAD [?]	GAELSCOIL CHOLMCILLE, BEAUMONT, BÁC 9
ÁINE NÍ LANAGÁIN	GAELSCOIL CHLUAIN MEALA
TREASA NIC DHIARMADA	GAELSCOIL CHLUAIN MEALA
NÓIRÍN DE BHAILÍS	GAELSCOIL THIOBRAID ÁRANN
NÓRA UÍ MHURCHÚ	BAILE THIOBRAID ÁRANN
ÚNA UÍ CHEADAIGH	GAELSCOIL NA DEARGAILE
MÁIRTÍN Ó MAILLE	

B. Ó DONN	GAELSCOIL CHILL DARA
DIARMAID MAC SEÁIN	GAELSCOIL CHNOC LIAMHNA, BÁC

Liosta tinrimb, Cruinniú Cinn Bhliana 1996 de Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge
(Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, Páipéirí Príobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Advanced Review Copy

**FREAGRAÍ Ó SHUIRBHÉ A SEOLADH CHUIG
GAELSCOILEANNA NA TÍRE LE LINN 2021 AGUS
A FUARTHAS FREAGRAÍ IOMLÁINE AR AIS
UATHU¹⁹**

GAELSCOIL	AINM NA MBUNAITHEOIRÍ A LUADH AGUS A SLÍTE BEATHA
BUNSCOIL AGUS NAÍScoil BHEANN MHADAGÁIN	FIONNTÁN DE BRÚN PÓL DE LÉIGH BREANDÁN DE LÉIGH BREANDÁN Ó BROLCHÁIN
BUNSCOIL AN TSLÉIBHE DHUIBH	JIM McCANN—OIBRÍ POBAIL MAUREEN McGUINNESS—OIBRÍ POBAIL SÉAN Ó MUIREAGÁIN—OIBRÍ POBAIL TOMAS Ó MUIREAGÁIN—OIBRÍ POBAIL
GAELSCOIL ADHAMHNÁIN	MEADHBH MHC FHIONNGHAILE— MÚINTEOIR SCOILE ALMA NÍ GHORMÁIN—MÚINTEOIR SCOILE CONN Ó FRIGHIL—DLÍODÓIR SEÁN Ó MAOLCHALANN—LÉACHTÓIR RÓISE NÍ DHOCHARTAIGH—FEIGHLÍ LINBH SÉAN MAC FHLANNCHADHA
GAELSCOIL ÁTHA Í	SINEAD NÍ NUALLÁIN— MÚINTEOIR/PRÍOMOIDE CAITLÍN MHC RÓIBÍN
GAELSCOIL BHAILE BRIGÍN	MÍCHEÁL MAC MATHÚNA
GAELSCOIL NA BÓINNE	BRIAN Ó FLAITHEARTAIGH—STÁTSEIRBHÍSEACH
GAELSCOIL CHARMAN	LORCÁN Ó hUADHAIGH—SEODÓIR ÁINE UÍ GHIONNÁIN—MÚINTEOIR

¹⁹ Cailleadh roinnt de na suirbhéanna a tháinig ar ais de bharr an aistrithe cóipchirt laistigh d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

GAELSCOIL CHLUAINÍN	ROSSA Ó SNODAIGH—CEOLTÓIR RUTH NÍC GHABHANN—AISTRITHEOIR SINÉAD NÍ THORSNAIGH— MÚINTEOIR BUNSCOILE MARY THORNTON—GARDA PRIONSIAS MAG FHIONNGHAILE— SEANDÁLAÍ/SCRÍBHNEOIR SEOSAMH MAC MUIRÍ—SCRÍBHNEOIR PROINNSIAS Ó DUIGNEÁIN— IAR-MHÚINTEOIR/SCRÍBHNEOIR ÁINE NÍ LIONÁIRD—ALTRA
GAELSCOIL DE HÍDE	CAOILFHIONN— TEIRIPEOIR URLABHRA AGUS TEANGA SANDRA—AINÉISTÉISÍ
GAELSCOIL DHÚN DEALGAN	ANNETTE MHC ARDÁIL—PRÍOMHOIDE
GAELSCOIL ÉADAN DOIRE	LESLEY GAVIN—MÚINTEOIR ORLA O'KELLY—OIBRÍ BAINC HELEN MCNAMEE—TRAENÁLAÍ CAPAILL JANE MCNAMEE—CEOLTÓIR
GAELSCOIL EISCIR RIADA	DENIS KELLY—FEIRMEOIR JOHNNY BRADY—FEIRMEOIR TOM Ó GRIOFA—TRÉIDLIA HELEN UÍ MHAOLDOMHNAIGH—BANALTRA BEAN UÍ STIOBHAIKT—MÚINTEOIR TOM Ó MAOLDOMHNAIGH- CÚNTASÓIR
GAELSCOIL EOIS	BRIAN MAC UAID
GAELSCOIL INIS CÓRTHAIDH	SIÚN UÍ MHATHÚNA—BEAN TÍ BARRA Ó MEÁRA—DOCHTÚIR SEÁN Ua CHEARNAIGH
GAELSCOIL NA LOCHANNA	BEN REID IRENE KEOGH
GAELSCOIL MHICHÍL CÍOSÓG	ROIBEÁRD Ó CEALLAIGH DOMHNALL Ó LOINGSIGH MÁIRTÍN Ó DUBHÁIN PÁDRAIG MAC MATHÚNA ÁINE NÍ DHRISCEOIL MÁIRE NÍ MHAOILEOIN AN TATHAIR SÉAMUS Ó MAOLÁIN
GAELSCOIL MHÚSCRAÍ	MÁIRE NÍ MHURCHÚ—MÚINTEOIR
GAELSCOIL MÍDE	LIAM BAIRÉAD—MÚINTEOIR

GAELSCOIL NA MÓNA	SEÁN Ó MUTREAGÁIN— MÚINTEOIR/SCRÍBHNEOIR/FILE ANNE O’NEILL SHARON McLAUGHLIN
GAELSCOIL OSRAÍ	CÁIT NÍ MHURCHÚ—MÚINTEOIR SEÁN AGUS MÁIRE ÍDE BREATHNACH - MÚINTEOIRÍ MÍCHEÁL AGUS ÁINE Ó CAOIMH - MÚINTEOIRÍ MICHEÁL Ó FEARGHAÍL—LÉACHTÓIR HELEN NÍ PHUIRSÉIL—STIÚRTHÓIR NAÍONRA, SEÁN Ó DÚLCHAONTIGH—FEIRMEOIR
GAELSCOIL ULTAÍN	BRENDAN Ó DUGAIGH—MAC LÉINN
GAELSCOIL UÍ DHOCHARTAIGH	COLMAN MAC AN CHROSAIN—OIBRÍ POBAIL SEÁN Ó DAIMHÍN—STÁTSEIRBHÍSEACH PADAÍ MAG LOINGSIGH—FÉINFOSTAITHE
SCOIL AN DUINNÍNIGH	ÁINE Ó COMHRAÍ—MÚINTEOIR CAOIMHÍN Ó COMHRAÍ—INNEALLTÓIR EIBHLÍN NÍ BHRÍAIN—MÚINTEOIR
SCOIL CHEARBHAILL UÍ DHÁLAIGH	BREANDÁN AGUS MÁIRE DE RÓISTE
SCOIL NAITHÍ	SEAMUS PAIRCÉIR PÁRAICÍN NÍ MHAOLAIN MATHÚN MAC FHEORAIS CÁIT UÍ CHONNALÁIN

Advanced Review Copy





LEABHARLIOSTA

FOINSÍ PRÍOMHA

AGALLAIMH

Anaithnid, gan dáta. Agallamh le hagallaí anaithnid.

Bheilbigh, Sinéad. Agallamh le Sinéad Bheilbigh, Príomhoide Ghaelscoil Lir, an 28 Feabhra 2023.

Breathnach, Adrian. Agallamh le Adrian Breathnach, Príomhoide Ghaelscoil Pheig Sayers, an 20 Aibreán 2022.

Breathnach, Deirdre. Agallamh le Deirdre Breatnach, Coláiste Mhuire Gan Smál, an 6 Bealtaine 2022.

Feiritéar, Breandán. Agallamh le Breandán Feiritéar (gníomhaire pobal i nDún Chaoin), Acadamh na hOllscolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, An Cheathrú Rua, 2 Nollaig 2021.

Hegarty, Monica. Agallamh le Monica Hegarty, Coláiste Mhuire Gan Smál, an 6 Bealtaine 2022.

Hyland, Áine. Agallamh le hÁine Hyland, Deilginis, an 26 Bealtaine 2022.

Leeson, Brian. Agallamh le Brian Leeson, tuismitheoir de Ghaelscoil Shliabh Rua, Áth an Ghainimh, an 28 Eanáir 2023.

Lynch, Elaine. Agallamh le Elaine Lynch, Cathair Chorcaí, an 20 Aibreán 2022.

Mac Cormaic, Breandán. Agallamh le Breandán Mac Cormaic, iar-Uachtarán Gaelscoileanna agus iar-Chathaoirleach an Fhorais Pátrúnachta, Cnoc Lín, an 7 Iúil 2021.

Mac Donnacha, Joe. Agallamh le Joe Mac Donnacha, ar Zoom, an 1 Iúil 2022.

Mac Fhearghusa, Pádraig. Agallamh le Pádraig Mac Fhearghusa, ar Zoom, an 21 Aibreán 2021.

Mac Fhloinn, Dom. Comhrá le Dom Mac Fhloinn, 2022.

Mac Pháidín, Tomás. Agallamh le Tomás Mac Pháidín, ar Zoom, an 7 Iúil 2022.

Mac Ruaidhrí, Éamon. Agallamh le hÉamon Mac Ruaidhrí, bunaitheoir Ghaelscoil na mBeann, Turas, Béal Feirste, an 3 Meán Fómhair 2021.

Mac Thómais, Uinseann. Agallamh le hUinseann Mac Thómais, Cnoc na Cathrach, an 9 Meán Fómhair 2020.

McKenna, Brian, Gallagher, Julie, Nic Cionnaith, Deirdre. Agallamh le Brian McKenna, duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil na gCrann, Julie Gallagher, tuismitheoir agus duine de bhunaitheoirí na scoile, agus Deirdre Nic Cionnaith, Príomhoide, Gaelscoil na gCrann, an 25 Meitheamh 2021.

Ní Bhriain, Róisín. Agallamh le Róisín Ní Bhriain (iardhalta de Choláiste Chilliaín), Cill Chainnigh, an 14 Eanáir 2022.

Nic Amhlaidh, Caitríona. Agallamh le Caitríona Nic Amhlaidh, Óstán Wynn's, Baile Átha Cliath, an 22 Samhain 2022.

Nic Craith, Deirbhile. Agallamh le Deirbhile Nic Craith, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an 24 Meitheamh 2022.

Ní Chathail, Caoimhe. Agallamh le Caoimhe Ní Chathail, gníomhaí Gaeilge agus Pobail, Turas, Béal Feirste, an 3 Meán Fómhair 2021.

Nic Sheáin, Colma. Agallamh le Colma Nic Sheáin, iardhalta de Bhunscoil Phobal Feirste, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Béal Feirste, an 20 Iúil 2020.

Nic Sheáin, Máire. Agallamh le Máire Nic Sheáin (iar-mhúinteoir Bunscóil Phobal Feirste), Béal Feirste, 20 Iúil 2020.

Ní Dhomhnaill, Anna. Agallamh le hAnna Ní Dhomhnaill, ar an nguthán, an 13 Eanáir 2021.

Ní Dhomhnaill, Bríd. Agallamh le Bríd Ní Dhomhnaill, ar an nguthán, an 1 Iúil 2022.

- Ní Fhearghusa, Jacqueline. Agallamh le Jacqueline Ní Fhearghusa, iar-Phríomhfheidhmeannach Gaelscoileanna agus Príomhfheidhmeannach reatha COGG, Baile Átha Cliath, an 15 Meitheamh 2022.
- Ní Ghabhláin, Úna. Agallamh le hÚna Ní Ghabhláin, ar an nguthán, an 8 Samhain 2021.
- Ní Ghabhláin, Úna. Agallamh le hÚna Ní Ghabhláin, ar an nguthán, an 8 Samhain 2021.
- Ní Ghréacháin, Bláthnaid. Agallamh le Bláthnaid Ní Ghréacháin, Príomhfheidhmeannach Gaeloideachas, ceanncheathrú Gaeloideachas, Marino, an 28 Meán Fómhair 2022.
- Ní Luasa, Caitríona. Agallamh le Caitríona Ní Luasa, Príomhoide Gaelscoil Naomh Séamas, ar Zoom, an 27 Eanáir 2023.
- Ní Mhaoláin, Niamh. Agallamh le Niamh Ní Mhaláin, ar Zoom, an 20 Deireadh Fómhair 2022.
- Ní Scanláin, Máire. Agallamh le Máire Ní Scanláin (as Dún Chaoin), An Daingean, Deireadh Fómhair 2021.
- Ní Shíthigh, Áine. Agallamh le Áine Ní Shíthigh, ar Zoom, an 10 Lúnasa 2022.
- Ní Shúilleabháin, Brenda. Agallamh le Brenda Ní Shúilleabháin (duine de bhunaitheoirí agus iar-phríomhoide Scoil Chrónáin), ar an nguthán, 27 Eanáir 2021.
- Ó hAilín, Proinnsias. Agallamh le Proinnsias Ó hAilín, Cill Chainnigh, an 14 Eanáir 2022.
- Ó hAiniféin, Dónal. Agallamh le Dónal Ó hAiniféin, iar-Uachtarán Gaelscoileanna agus Príomhoide Ghaelscoil Mhíchíl Chíosóg, Ionad Pobail Ráth Cúil, an 9 Samhain 2021.
- Ó hArgáin, Seán. Agallamh le Seán Ó hArgáin, iar-Uachtarán Gaeloideachas agus Príomhoide Ghaelscoil Osraí, ar Zoom, an 24 Eanáir 2023.
- Ó hEaghra, Caoimhín. Agallamh le Caoimhín Ó hEaghra, Príomh-Rúnaí, An Forás Pátrúnachta, an 10 Samhain 2023.
- Ó Baoill, Dónall. Agallamh le Dónall Ó Baoill, iar-Uachtarán Gaels-

- coileanna, ar Zoom, an 31 Márta 2022.
- Ó Broin, Brian. Agallamh le Brian Ó Broin (iardhalta Scoil Iognáid), ar an nguthán, 7 Bealtaine 2021.
- Ó Broin, Mícheál. Agallamh le Mícheál Ó Broin, iar-Uachtarán Gaelscoileanna, ar Zoom, an 24 Samhain 2022.
- Ó Catháin, Niall. Agallamh le Niall Ó Catháin, Carn Tóchair, an 17 Meán Fómhair 2021.
- Ó Ceallaigh, T.J. Agallamh le T.J. Ó Ceallaigh, ar Zoom, an 22 Meán Fómhair 2022.
- Ó Cearbhaill, Seán. Agallamh le Seán Ó Cearbhaill, duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil na Laochra, ar Zoom, an 13 Eanáir 2023.
- Ó Conchubhair, Dawn. Agallamh le Dawn Ó Conchubhair, Trá Lí, an 13 Deireadh Fómhair 2021.
- Ó Donghaile, Fiachra. Agallamh le Fiachra Ó Donghaile, an 24 Samhain 2021.
- Ó Duibhir, Pádraig. Comhrá le Pádraig Ó Duibhir, 2021.
- Ó Dúlacháin, Colm. Agallamh le Colm Ó Dúlacháin (iar-Eagraí Náisiúnta/Príomhfheidhmeannach Gaelscoileanna), ar Zoom, an 7 Aibreán 2022.
- Ó Laoire, Eoin. Agallamh le hEoin Ó Laoire, Cathair Chorcaí, an 20 Aibreán 2022.
- Ó Luain, Cathal. Agallamh le Cathal Ó Luain, Ráth Cúil, an 27 Samhain 2021.
- Ó Muircheartaigh, Cathnia. Agallamh le Cathnia Ó Muircheartaigh, iar-Uachtarán Gaeloideachas, ar Zoom, an 1 Feabhra 2023.
- Ó Muircheartaigh, Mícheál. Agallamh a rinne Mícheál Ó Muircheartaigh lena mhac, Lúnasa 2023.
- Ó Murchadha, Niall. Agallamh le Niall Ó Murchadha (iar-phríomhoide Scoil Iognáid agus iar-Uachtarán Gaelscoileanna), ar an guthán, 8 Eanáir 2021.
- Ó Riagáin, Dónall. Agallamh le Dónall Ó Riagáin (duine de bhunaitheoirí Scoil Chrónáin), ar an nguthán, an 18 Eanáir 2021.

- Ó Snodaigh, Rossa. Agallamh le Rossa Ó Snodaigh, duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil Chluainín, Cluainín Uí Ruairc, an 16 Eanáir 2023.
- Ó Súilleabháin, Art. Agallamh le Art Ó Súilleabháin, ar Zoom, an 8 Samhain 2021.
- Ó Torna, Colm. Agallamh le Colm Ó Torna (duine de bhunaitheoirí Scoil an tSeachtar Laoch), ar an nguthán, 19 Feabhra 2021.
- Uíbh Eachach, Vivian. Agallamh le Vivian Uíbh Eachach, iar-Uachtarán Gaelscoileanna, Cros an Araltaigh, Baile Átha Cliath, an 28 Meán Fómhair 2022.
- Uí Chonalláin, Cáit. Agallamh le Cáit Uí Chonalláin (duine de bhunaitheoirí Scoil Naithí), ar an nguthán, 6 Aibreán 2021.
- Uí Langáin, Éilís. Agallamh le Éilís Uí Langáin (duine de bhunaitheoirí Scoil an tSeachtar Laoch), 6 Feabhra 2021.

ÁBHAR CARTLAINNE

- Aontas na Mac Léinn, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, go Nicholas Scott, Rúnaíocht Angla-Éireannach, 23 Meán Fómhair 1986 (Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann, *Stormont Castle*, PCC 1/16/14).
- Bunliosta na nGaelscoileanna. Cartlann Gaeloideachas, Marino, Baile Átha Cliath. 2021.
- Bunreacht Chonradh na Gaeilge 1973 (cartlann CnaG, OÉG), G60/4/3/1/15/100.
- Doiciméad maidir leis an Acht Comhlachta, gan dáta, bosca 33, 200–204. In: ‘Scoil Gaelach, Ráth Éanna,’ Cáipéisí an Monsignor Fitzpatrick, Bunoidreachas Ginearálta, Páipéir McQuaid, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath. 1963.
- Donnchadha Ó hAodha, Coiste an Airgid, chuig Seosamh Ó Broin, Rúnaí Chraobh Inse Chóir, an 24 Lúnasa 1972 agus an 30 Eanáir 1975 (cartlann CnaG, OÉG), G60/4/3/1/6/004 agus G60/4/3/1/6/16.
- Don Thornhill, Rúnaí, an Roinn Oideachais chuig Seán Mac Mathúna,

- Conradh na Gaeilge, an 12 Deireadh Fómhair 1995 (Páipéir Chonradh na Gaeilge G60/30/12/1, Bosca 427, Ollscoil na Gaillimhe).
- Fógraí faoi phreasócáid do Pholasáí Oideachais Chonradh na Gaeilge, an 17 Meitheamh 1985 (páipéir Chonradh na Gaeilge G60/30/13/1, Bosca 429, OÉG).
- Foirm Ardfeis Chonradh na Gaeilge, Craobh Inse Chór, an 27 Márta 1974 (cartlann CnaG, OÉG), G60/4/3/1/6/006.
- Gearrthán ón *Andersonstown News*, an 18 Meitheamh 1994 (Páipéir Chonradh na Gaeilge G60/30/12/3, Bosca 427, OÉG).
- Gearrthán ón *Irish News*, gan dáta cruinn, c.1994 (Páipéir Chonradh na Gaeilge G60/30/12/3, Bosca 427, Ollscoil na Gaillimhe).
- Gearrthóg ón *Cork Examiner*, an 30 Bealtaine 1985 (páipéir Chonradh na Gaeilge G60/30/13/1, Bosca 429, OÉG).
- Gearrthóg ón *Irish Press*, 6 Meitheamh 1986 (páipéir Chonradh na Gaeilge G60/30/13/1, Bosca 429, OÉG).
- Gearrthóg ón *Irish Times* an 5 Lúnasa 1994 (Páipéir Chonradh na Gaeilge G60/30/12/3, Bosca 427, Ollscoil na Gaillimhe).
- Gearrthán ón *Irish Times* an 27 Márta 1995 (Páipéir Chonradh na Gaeilge G60/30/12/3, Bosca 427, Ollscoil na Gaillimhe).
- The INTO and All-Irish Schools*, Aodán Ó Braonáin, c.1989 (páipéir Chonradh na Gaeilge G60/30/13/2, Bosca 429, OÉG).
- J. F. Walker chuig J.S. *Smith, Irish Medium Secondary School*, an 25 Eanáir 1992 (Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann *Irish Language Secondary School Provision*, D/13/1/3058A).
- Jordana, Mother. Mother Jordana chuig an tAthair Liam Martin, 12 Márta, bosca 5, 39. In: Parent/Teacher Associations, Páipéir McQuaid, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath. 1969.
- Liosta ainmneacha de Choiste na Bunscoile, Scoil Ráth Éanna, gan dáta, bosca 33, 200–204. In: ‘Scoil Gaelach, Ráth Éanna,’ Cáipéisí an Monsignor Fitzpatrick, Bunoideachas Ginearálta, Páipéir McQuaid, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath.
- Mac Gearailt, Seáin. Litir ó Sheáin Mac Gearailt, Rúnaí, Roinn Oideachais chuig Monsignor Fitzpatrick, 3 Lúnasa, bosca 33, 200–204.

- In: 'Scoil Ghaelach, Ráth Éanna,' Cáipéisí an Monsignor Fitzpatrick, Bunoideachas Ginearálta, Páipéir McQuaid, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath. 1971.
- Martin, Liam. Litir ó Liam Martin, Rúnai i nDeoise Bhaile Átha Cliath chuig Mother Jordana, Rúnaíocht an Oideachais Chaitlicigh, 10 agus 31 Márta, bosca 5, 39. In: Parent/Teacher Associations, Secondary Education, Páipéir McQuaid. 1969.
- Múinteoir eile do Scoil Dhún Chaoin*, gearrthóg ón *Irish Press*, an 28 Meán Fómhair 1982, cartlann Chonradh na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 660/30/12/1.
- Nic Oireachtaigh, Leila. Leila Nic Oireachtaigh, Coiste Chathair BÁC chuig Craobhacha Átha Cliath, gan dáta, G60/4/3/1/15/217. In: Cartlann Chonradh na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. 1972.
- Ó Baoill, B. Litir chuig Bainisteoir na Cathrach, Baile Átha Cliath, 20 Iúil, 2016/17/175. In: Sites For All-Irish Schools, An Roinn Airgeadais, Cartlann Náisiúnta na hÉireann. 1970.
- Ó Baoill, B. Litir chuig George Colley, an tAire Airgeadais agus Gaeltachta, 13 Samhain, 2016/17/175. In: Sites For All-Irish Schools, An Roinn Airgeadais, Cartlann Náisiúnta na hÉireann. 1970.
- Ó Buachalla, B. agus Ní Shúilleabháin, B. Litir chuig Conradh na Gaeilge, Meitheamh, G60/4/3/1/15/198. In: Cartlann Chonradh na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. 1972.
- Ó Caollaí, Maolsheachlainn. Ráiteas ó Maolsheachlainn Ó Caollaí, Uachtarán Conradh na Gaeilge, 14 Feabhra, G60/4/3/1/15/79-80. In: Cartlann Chonradh na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. 1973.
- Ó Dálaigh, C. Litir ó C. Ó Dálaigh, an Roinn Oideachais, chuig an Monsignor Fitzpatrick, 23 Meitheamh, bosca 33, 200–204. In: 'Scoil Ghaelach, Ráth Éanna,' Cáipéisí an Monsignor Fitzpatrick, Bunoideachas Ginearálta, Páipéir McQuaid, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath. 1971.
- Ó Floinn, Tomás. Litir ó Tomás Ó Floinn, an Roinn Oideachais chuig an Ard-Easpag McQuaid, 7 Aibreán, 38/242. In: Government

Section, Department of Education, Páipeir McQuaid, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath. 1970.

Ó hAodha, Donnchadha. Donnchadha Ó hAodha Rúnaí CnaG, chuig gach Rúnaí Craoibhe, 20ú Deireadh Fómhair, G60/4/3/1/15/159. In: Cartlann Chonradh na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. 1973.

Ó Móráin, D. Litir chuig George Colley, 14 Meitheamh, 2016/17/175. In: Sites For All-Irish Schools, An Roinn Airgeadais, Cartlann Náisiúnta na hÉireann. 1972.

Ó Muireadhaigh, C.H. Comhfhreagras, 7 Aibreán, 2007/125/43. In: Gaeilge, Comhaid Uachtarán na hÉireann, Cartlann Náisiúnta na hÉireann. 1971.

Ó Siochrú, Oisín. Litir Oisín Ó Siochrú chuig Monsingor Mac Giolla Phádraig, 2 Feabhra, bosca 33, 200–204. In: ‘Scoil Ghaelach, Ráth Éanna,’ Cáipéisí an Monsignor Fitzpatrick, Bunoideachas Gin-earála, Páipéir McQuaid, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath. 1969.

Patricia Herron chuig Máirín Quill TD, an 1 Meitheamh 1989 (páipéir Chonradh na Gaeilge G60/30/13/2, Bosca 429, OÉG).

Parthalán Ó Mathúna, Cathaoirleach Chumann Tuismitheoirí na Modhscoile chuig Proinsias Mac Aonghusa, Uachtarán Chonradh na Gaeilge, an 17 Bealtaine 1990 (páipéir Chonradh na Gaeilge G60/30/13/2, Bosca 429, OÉG).

P.J. Green chuig Mr Spence, Iúil 1987 (Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann, *Irish Identity (inc. Irish language)*, CENT 3/89/A).

P.N. Bell chuig Státrúnaí na Breataine, an 9 Deireadh Fómhair 1985 (Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann, CENT/1/15/17A).

Preasráiteas Chonradh na Gaeilge, an 7 Feabhra 1986 (páipéir Chonradh na Gaeilge G60/30/13/1, Bosca 429, OÉG).

Presidential Address: Killarney 1982, Frank Cunningham, in *An Múinteoir Náisiúnta*, Samhradh 1982, cartlann Chonradh na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 660/30/5/1/2.

Ráiteas an INTO faoin Ghaeilge, gearrthóg ó *Inniu*, an 2 Iúil 1976, cartlann Chonradh na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh,

660/30/5/1/2

Ráiteas ón gComhaontas Eorpach i leith Rialtas Phoblacht na hÉireann, 15 Deireadh Fómhair 1971, 97/9/647. In: Úsáid na Gaeilge sna Ranna Stáit, Comhaid Roinn an Taoisigh, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

Rialacha Molta a ghabhann le Comhdhéanamh agus Imeachta Choiste na Scoile, gan dáta, bosca 33, 200-204. In: Scoil Ghaelach, Ráth Éanna,' Cáipéisí an Monsignor Fitzpatrick, Bunoidéachas Gin-earála, Páipéir McQuaid, Cartlann Dheoise Bhaile Átha Cliath.

Rúin Chraobh Inse Chór, an 9 Márta 1972 (cartlann CnaG, OÉG), G60/4/3/1/6/006.

Scully, B.P. Litir chuig P. Cullinane, Príomhoifigeach na Roinne Oideachais, 8 Iúil, 2016/17/175. In: Sites For All-Irish Schools, An Roinn Airgeadais, Cartlann Náisiúnta na hÉireann. 1971.

Seán Mac Mathúna, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge chuig Parthalán Ó Mathúna, an 1 Meitheamh 1990 (páipéir Chonradh na Gaeilge G60/30/13/2, Bosca 429, OÉG).

Seán Mac Mathúna, Rúnaí CnaG, chuig Niall Mac Fhionnlaoich, Craobh na gCúig Cúigí, an 21 Nollaig 1977 agus chuig Fiachra Mac Fhionnlaoich, an 28 Meitheamh 1977 (cartlann CnaG, OÉG), G60/4/3/1/3/001 agus G60/4/3/1/3/002.

Tuairisc ar moltaí rialtas Bhaile Átha Cliath i leith na Gaeilge, c.1988 (Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann, *Irish Identity (inc. Irish language)*, CENT 3/89/A).

Tuairisc bhliantúil Chraobh Moibhí 1971-1972, G60/4/3/14/035. In: Cartlann Chonradh na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Tuairisc chraoibhe, Craobh Inse Chór, Eanáir/Feabhra 1973 (cartlann CnaG, OÉG), G60/4/3/1/6/020; Donnchadha Ó hAodha, Rúnaí Chonradh na Gaeilge, chuig Seosamh Ó Broin, Rúnaí Chraobh Inse Chór, an 21 Meán Fómhair 1973 (Cartlann CnaG, OÉG), G60/4/3/1/6/21.

Tuairisc ar ghlaohach ón Athair Colmán Ó hUallacháin ar Rúnaí an Uachtaráin, M. Ó Flathartaigh, 2 Márta 1971, 2007/125/43. In: Gaeilge, Comhaid Uachtarán na hÉireann, Cartlann Náisiúnta na

hÉireann.

Tuarascáil timireachta Chonradh na Gaeilge, Fómhar 1973, G60/2/1/24/003. In: Cartlann Chonradh na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Tuarascáil timireachta Chonradh na Gaeilge, Samhradh 1977 (cartlann CnaG, OÉG), G60/2/1/24/001.

TUI Policy in Relation to Irish, c.1989 (Páipéir Chonradh na Gaeilge G60/30/13/1, Bosca 429, OÉG).

W. Martin Smyth Feisire Parlaiminte go John Parkes, Rúnaí Buan na Roinne Oideachais, an 31 Deireadh Fómhair 1988 (Oifig Taiscead Poiblí Thuaisceart Éireann, *Irish Language*—vol IV, CENT 1/17/42).

NUACHTÁIN AGUS IRISÍ

Anglo-Celt

The Ballymun News

Belfast Telegraph

Beo

Carn: a link between the Celtic nations

Comhar

Connacht Telegraph

Connacht Tribune

Derry Journal

Donegal Democrat

Donegal News

The Echo

Evening Echo

Evening Herald

Fortnight

Gaelscéal

Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta

The Guardian

Inniu

The Irish Examiner

The Irish Independent

Irish News

Irish Press

Irish Times

Irish Worker

The Journal.ie

The Kerryman

Kilkenny People

Leinster Leader

Mayo News

Meath Chronicle

Munster Express

Nationalist and Leinster Times

The Nationalist (Tiobraid Árann)

Offaly Independent

Pobal

Shannonside

Sligo Champion

Southern Star

Strabane Chronicle

Sunday Independent

Sunday Times

Sunday Tribune

Sunday World

An Teanga Mbarthanach

An Tuairisceoir

Tuairisc.ie

Tuarascáil: the newsletter of the Douglas Hyde Foundation for Irish-medium Education

An tUltach

Waterford News and Star

Westmeath Examiner

Westmeath Independent

Western Journal

Western People

PÁIPÉIR PHRÍOBHÁIDEACHA

Achainí ar ‘Irish Medium Secondary School,’ 1991 (Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann, *Irish Language Secondary School Provision*, D/13/1/3058A).

Achainí ó Ghaelscoileanna i leith iar-bhunoideachais sa Ghaeltacht Láir i nDún na nGall, an 1 Iúil 1981 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Aighneacht Gaelscoileanna Teo. chuig Foras na Gaeilge maidir leis an tSamhail Nua Maoinithe 2011 (páipéir phríobháideacha Chathail Uí Luain).

Anailís Straitéiseach ar Chás Thomás Uí Dúlaing, An Foras Pátrúnachta, 2002 (Gaelscoil Thulach na nÓg, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Chormaic).

‘An tAcht Oideachais—Deiseanna agus Dúshlán,’ léacht ó Sheosamh Mac Donnacha ag seimineár poiblí de chuid Eagraíocht Scoileanna Gaeltachta, an 22 Feabhra 1999 (Bord Oideachais: cáipéisí éagsúla go dtí gur bunaíodh é, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Arrangements for Promoting Irish-Medium Education, Roinn Oideachais

- Thuaisceart Éireann, 1999 (Bord Oideachais: cáipéisí éagsúla go dtí gur bunaíodh é, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).
- Bileog dár dteideal *Ceistneoir Gaeltachta*, Márta 1982 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Bileog urraíochta ‘Kayak an Airgid,’ 1992 (Páipéir príobháideacha Uinseann Mac Thomáis).
- Breandán Mac Cormaic, Cathaoirleach an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 27 Meitheamh 1990 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Breandán Mac Cormaic, Cathaoirleach, An Foras um Oideachas trí Ghaeilge chuig Pat ‘The Cope’ Ó Gallchóir TD, an 25 Márta 1991 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Breandán Mac Cormaic chuig Mícheál Ó Gruagáin, Príomhfheidhmeannach Bhord na Gaeilge, an 28 Lúnasa 1995 (Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic), lch. 2.
- Bunreacht an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 15 Nollaig 1990 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Cáipéis fhánach *Aspect Top 1000 Companies, 1991* (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Cáipéis fhánach, Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, an 12 Deireadh Fómhair 1995 (Foras Pátrúnachta: bunreacht, Plécháipéisí srl, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).
- Cáipéisí dlíthiúla éagsúla, c.1976-77 (*Cuideachta*, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Cáipéisí fánacha le hainmneacha eagraíochtaí agus fondúireachtaí éagsúla liostaithe orthu, páipéir gan dáta (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Cáipéisí fánacha gan dáta agus facs ó Ghaelscoileanna chuig Uinseann Mac Thomáis, an 10 Aibreán 1992 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Cáipéis inmheánach Gaelscoileanna, *Feall ar Scoileanna Lán-Ghaelacha*, c.1977 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Giorclán ón bhForas um Oideachas trí Ghaeilge chuig na Gaelscoileanna, an 13 Aibreán 1992 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Ceist pharlaiminte ó Mhicheál Martin ar Niamh Bhreathnach, an 13 Nollaig 1995 (Bord Oideachais: cáipéisí éagsúla go dtí gur bunaíodh é, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic), lch. 1.

Clár chomhdháil bhliantúil Gaelscoileanna, an 16 Meán Fómhair 2001 (Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic), lch. 3.

Clár chruinniú Choiste Uladh de Ghaelscoileanna, an 16 Bealtaine 1981 Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Clár do mhórtionól CAER, 1999 (Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Comhairle Chathair Glaschú chuig Gaelscoileanna, an 3 Aibreán 2000 (Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic), lch. 2.

Comhfhreagras Gaelscoileanna, 'Litreacha Ginearálta,' an 7 Feabhra 1998 (Gaelscoileanna, 1997-, Páipéir Phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Comhfhreagras ón gcomhlacht ceantálaithe Finnegan Menton, gan dáta (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Cuireadh 'Kayak an Airgid,' gan dáta, c. Aibreán 1992 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Cuntas ioncain agus caiteachais don bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 1998 (Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Cuntas ioncain agus caiteachais Gaelscoileanna na bliana féilire 1980 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic

Gabhann).

David Coleman, Lavelle Coleman Solicitors, chuig Greg Ó Braonáin, an 31 Márta 1992 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Deirdre O'Donoghue, Comhordaitheoir Ag Foghlaim le Chéile chuig ionadaithe éagsúla, an 8 Meán Fómhair 1995 (Foras Pátrúnachta: Bunreacht, Plécháipéis srl, Páipéir Phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Doiciméad Gaelscoileanna gan teideal, luath 1982, Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Colm Ó Dúlacháin, Gaelscoileanna, Samhain 1981 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Dónall Ó Baoill, Uachtarán Gaelscoileanna, chuig Uinseann Mac Thómais, Cathaoirleach an Fhorais um Oideachais trí Ghaeilge, an 27 Aibreán 1992 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Donnachadha de Búrca, cathaoirleach bhord bainistíochta Ghaelscoil Uí Riada chuig Coiste Riartha Gaelscoileanna, an 11 Meán Fómhair 1996 (Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Dréachtcháipéis ar 'Spiorad sainiúil na nGaelscoileanna,' Dónaill Ó Conaill, Stiúrthóir an Fhorais Pátrúnachta, Bealtaine 2000 ('Gaelscoil Thulach na nÓg,' páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Chormaic).

Dréacht d'alt le Breandán Mac Cormaic, a foilsíodh san Irish Times, c. 2002 ('Gaelscoil Thulach na nÓg,' páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Chormaic).

Dréacht de chuspóirí an Aonaid Acmhainní agus Taighde, an 21 Eanáir 1991 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Dréachtmheamram mar gheall ar bhonn dlithiúil don eagrais, c. 1977 (*Cuideachta*, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Dréachtphean Forbartha Cúig Bliana don Eagraíocht, Gaelscoileanna, c.1982 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Feachtas Stocaireachta—Moltaí, Aibreán/Bealtaine 1996 (Bord Oideachais: cáipéisí éagsúla go dtí gur bunaíodh é, páipéir phríobháide-

acha Bhreandán Mhic Cormaic), lch. 2.

Fionnbarra Ó Brolcháin chuig Pádraig Ó Floinn TD, an 29 Deireadh Fómhair 1991 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Freagraí ceistneora a seoladh chuig Máire Ní Fhlathartaigh, Eanáir 2021.

Gaelscoileanna—céard é?, gan dáta (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001 (páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Gearrthán ó *Anois*, an 16-17 Nollaig 1995 (Bord Oideachais: cáipéisí éagsúla go dtí gur bunaíodh é, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Gearrthán ón *Irish Times*, an 1 Bealtaine 1996 (Bord Oideachais: cáipéisí éagsúla go dtí gur bunaíodh é, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Gearrtháin ón *Irish Times*, an 8, 13, 15 agus 16 Bealtaine 1996 (Bord Oideachais: cáipéisí éagsúla go dtí gur bunaíodh é, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Gearrthán ón *Irish Times*, an 14 Meitheamh 1996 (Bord Oideachais: cáipéisí éagsúla go dtí gur bunaíodh é, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Gearrthán ón *Irish Times*, an 13 Nollaig 1995 (Bord Oideachais: cáipéisí éagsúla go dtí gur bunaíodh é, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic), lch. 3.

Gearrthóga agus comhfhreagras éagsúil Uinsinn Mhic Thomáis, 1983 (pháipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Gearrthóg ó *Anois*, an 15 Bealtaine 1988 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Greg Ó Braonáin, Bealach na Trí, an Rinn Mhór, Gaillimh, chuig Oifig Leasa Shóisialaigh Chathair na Gaillimhe, an 22 Aibreán 1992 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Iarmhéid bainc an Fhorais Um Oideachas trí Ghaeilge, Banc na hÉireann, Faiche Stiabhna, BÁC 2, Deireadh Fómhair 1991 (páipéir

phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Jaqueline Ní Fhearghusa chuig stiúrthóirí Gaelscoileanna, an 24 Aibreán 2001 (Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Lámhleabhair Chomhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna, 2010, 2011 agus 2013 (páipéir phríobháideacha Chathail Uí Luain).

Lámhleabhar chomhdháil Gaelscoileanna 2004 (páipéir phríobháideacha Chathail Uí Luain), lch. 18.

Liosta de chomhaltaí scoile na cuideachta, c. 2001 ('Gaelscoil Thulach na nÓg,' páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Chormaic).

Litir ón Dr Mícheál Ó Duibh, Príomhfheidhmeannach Chomhairle na Gaelscolaíochta chuig Bláthnaid Ní Ghréacháin, Príomhfheidhmeannach Gaelscoileanna, an 20 Nollaig 2013 (páipéir phríobháideacha Chathail Uí Luain).

Litir ó Unseann Mac Thomáis chuig Colm Ó Dúlacháin, Eagraí Náisiúnta Gaelscoileanna, an 9 Feabhra 1987 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Litir ó Unseann Mac Thomáis chuig Bríd Nic Dhomhnaill, an 16 Aibreán 1987 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Litir ó Unseann Mac Thomáis, oifigeach caidrimh phoiblí, Cairdeas Gael Thír Oileáin, chuig Pat Butler, iriseoir RTÉ, an 20 Samhain 1982 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Litir Susan Power, cathaoirleach an bhoird bainistíochta chuig Tomás Ó Dúlaing, an 21 Márta 2002 ('Gaelscoil Thulach na nÓg,' páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Chormaic).

Litir Thomás Uí Dhúlaing chuig tuismitheoirí Ghaelscoil Thulach na nÓg, an 15 Márta 2002 ('Gaelscoil Thulach na nÓg,' páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Chormaic).

Meamram de chuid Chomhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Gaeilge, 5 Samhain 1973. In: 'Miontuairiscí ar Chruinnithe Riartha Gaelscoileanna,' Páipéir Phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann, lch. 3.

Meamram don Aire Oideachais Peadar De Barra, T.D. ó Ghaels-

- coileanna, c.1977 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Meamram ó ‘Mhícheál,’ Gaelscoileanna, gan dáta, c. Feabhra 1987 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Michael Dungan go bord bainistíochta Ghaelscoil Thulach na nÓg, an 14 Márta 2002 (‘Gaelscoil Thulach na nÓg,’ páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Chormaic).
- Mícheál Ó Muirheartaigh agus Conall Ó Móráin chuig an Roinn Oideachais, 1980 (Gaelscoileanna, 1979-80, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann), lch 2.
- Miontuairiscí agus comhfhreagras ar chéad chruinniú Chomhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Gaeilge, Bealtaine 1973. In: ‘Miontuairiscí ar Chruinnithe Riartha Gaelscoileanna,’ Páipéir Phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann.
- Miontuairiscí an Bhoird Stiúrtha, dátaí éagsúla (Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic), lch.1.
- Miontuairiscí an Choiste Riartha, dátaí éagsúla (Gaelscoileanna, 1997-, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).
- Miontuairiscí an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 13 Meitheamh 1992 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Miontuairiscí ar chruinniú Bhord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo, an 10 Deireadh Fómhair 2013 (páipéir phríobháideacha Chathail Uí Luain).
- Miontuairiscí ar chruinniú de Choiste na nOifigeach, an 20 Márta 1999 (Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic), lch. 2.
- Miontuairiscí ar chruinniú de chuid an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, Ros Cré, an 16 Iúil 1990 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Miontuairiscí ar chruinniú idir Ag Foghlaim le Chéile, Gaelscoileanna agus an Foras Pátrúnachta, an 10 Bealtaine 1996 (Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, páipéir Phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

- Miontuairiscí ar chruinniú idir an Roinn Oideachais agus Gaelscoileanna, an 12 Eanáir 1996 (Bord Oideachais: cáipéisí éagsúla go dtí gur bunaíodh é, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic), lgh.1-2.
- Miontuairiscí chruinnithe de chuid an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 27 Lúnasa 1990 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Miontuairiscí chruinnithe de chuid an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 16 Feabhra 1991 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Miontuairiscí chruinnithe de chuid an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 5 Deireadh Fómhair 1991 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Miontuairiscí cruinnithe de chuid an Fhorais um Oideachas trí Ghaeilge, an 18 Eanáir 1992 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Miontuairiscí cruinnithe idir Gaelscoileanna agus an tAire Oideachais agus an Roinn Oideachais, an 8 Márta 1978 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Miontuairiscí cruinnithe idir Gaelscoileanna agus muintir Ghaeltacht Thír Chonaill, Pobalscoil Ghaoth Dobhair, an 5 Meitheamh 1981 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Miontuairiscí Choiste Riartha an Fhorais Pátrúnachta, Óstán Cashel Palace, Caiseal, an 20 Meitheamh 2001 ('Gaelscoil Thulach na nÓg,' páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Chormaic).
- Miontuairiscí Choiste Riartha an Fhorais Pátrúnachta, Óstán Cashel Palace, Caiseal, an 20 Márta 2002 ('Gaelscoil Thulach na nÓg,' páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Chormaic), lch. 2.
- Miontuairiscí Choiste Riartha CNSG, Coláiste Mhuire, an 30 Aibreán 1976 (*Miontuairiscí Chruinnithe Riartha Gaelscoileanna*, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann), lch. 2.
- Miontuairiscí Coiste Riartha CNSG, Coláiste Mhuire, 3 Samhain 1973.
In: 'Miontuairiscí ar Chruinnithe Riartha Gaelscoileanna,' Páipéir

Phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann.

Miontuairiscí Choiste Riartha FPSLG, Óstán Cashel Palace, Caiseal, an 3 Aibreáin 2002 ('Gaelscoil Thulach na nÓg,' páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Chormaic), lch. 1.

Miontuairiscí Choiste Riartha Gaelscoileanna, an 30 Bealtaine 1977 (*Miontuairiscí ar Chruinnithe Riartha Gaelscoileanna*, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Miontuairiscí Choiste Riartha Gaelscoileanna, an 13 Meitheamh 1980 (Gaelscoileanna, 1979-80, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Miontuairiscí Choiste Riartha Gaelscoileanna, an 6 Feabhra 1981 (Gaelscoileanna, 1979-80, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Miontuairiscí Choiste Riartha Gaelscoileanna, an 3 Aibreán 1981 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Miontuairiscí Choiste Riartha Gaelscoileanna, Áras na Comhdhála, an 22 Márta 1978 (*Miontuairiscí ar Chruinnithe Riartha Gaelscoileanna*, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Miontuairiscí chruinniú cinn bliana CNSG, an 27 Samhain 1976 (*Miontuairiscí Chruinnithe Riartha Gaelscoileanna*, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Miontuairiscí chruinniú cinn bliana Gaelscoileanna, an 24 Samhain 1979 (Gaelscoileanna, 1979-80, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Miontuairiscí chruinniú cinn bliana Gaelscoileanna, an 15 Samhain 1980 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Miontuairiscí, Coiste na nOifigeach, an 12 Nollag 1997 (Gaelscoileanna, 1997-, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Miontuairiscí Coiste Thuismitheoirí Bhaile Munna, 9 Iúil 1973. In: Páipéir Phríobháideacha Cholm Uí Thorna.

Miontuairiscí de chuid Choiste Comhairleach Fhondúireacht an

- Chraoibhín Aoibhinn, an 17 Samhain 1990 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Miontuairiscí Dheirbhile Nic Craith maidir le cruinniú aici le Fionnbharra Ó Brolcháin, an 13 Márta 1990 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Miontuairiscí Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, an 18 Samhain 1993 (Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic), lch.1.
- Nóra Ní Loinsigh thar ceann Iarla Mhic Aodha Bhuí, Rúnaí Oinigh Gaelscoileanna chuig príomhoidí na nGaelscoileanna (Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).
- Nótaí fánacha le Tomás Mac Gabhann breactha ar chúl cláir c.1980 (Gaelscoileanna, 1979-80, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Nótaí ó chaint a thug Breandán Mac Cormaic c. 2000 (Bord Oideachais: cáipéisí éagsúla go dtí gur bunaíodh é, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic), lch. 4.
- Nótaí ó Ultan Mac Gabhann, Bealtaine 2021. In: Páipéir Phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann.
- Nótaí Phádraig Uí Mhaoláin, an13 Aibreán 2023.
- Nótaí Ultáin Mhic Gabhann, Aibreán 2021 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Nuachtlitir an Mercator Education Network agus an EMOL Project, Nollaig 1990 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Nuachtlitir Gaelscoileanna, 30 Aibreán 1979 ('Miontuairiscí ar Chruinnithe Riartha Gaelscoileanna,' páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Nuachtlitir Gaelscoileanna, an 4 Meán Fómhair 1990 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Nuachtlitir Gaelscoileanna, an 2 Deireadh Fómhair 1991 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Nuachtlitir Gaelscoileanna, an 11 Samhain 1991 (páipéir phríobháide-

acha Uinsinn Mhic Thomáis).

Nuachtlitir Gaelscoileanna, Samhradh 2013 (páipéir phríobháideacha Chathail Uí Luain).

Óráid ón Aire Oideachais, Micheál Martin, an 12 Nollaig 1997 (Bord Oideachais: cáipéisí éagsúla go dtí gur bunaíodh é, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Pádraig Mac Fhearghusa, Scoil Mhic Easmainn, Trá Lí, chuig Connall Ó Móráin, an 5 Márta 1980 (*Gaelscoileanna, 1979-80*, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Paimfléad *Ómós*, Meán Fómhair 1988 (páipéir phríobháideacha Choilm Uí Thorna).

Paimfléad Slán Go Fóill, c.1988 (páipéir phríobháideacha Choilm Uí Thorna).

Paimfléad *Sounds Dublin*, Iúil 1988 (páipéir phríobháideacha Choilm Uí Thorna).

Peigí Ní Chomartaigh, Rannóg Pleanála, an Roinn Oideachais chuig Breandán Mac Cormaic, an 16 Bealtaine 1996 (Foras Pátrúnachta: bunreacht, plécháipéisí srl, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Plean oibre do mhí Feabhra 1982, Gaelscoileanna, Colm Ó Dúlacháin (*Gaelscoileanna, 1981-*, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Plécháipéis Gaelscoileanna, c.1977 (*Gaelscoileanna, 1981-*, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Plécháipéis/Treoirpholasaí Gaelscoileanna Teo i dtaobh Scoileanna a mhúintear trí mheán an Bhéarla a dteastaíonn uathu páirt-tuimoidheachas/CLIL a chur i bhfeidhm agus scoileanna a mhúintear trí mheán an Bhéarla a dteastaíonn uathu sainmheon teanga a athrú le feidhmiú mar bhunscoil lán-Ghaeilge, Bealtaine 2013 (páipéir phríobháideacha Chathail Uí Luain).

Plécháipéis 2 maidir le féidearthachtaí a bhaineann le cónascadh a dhéanamh idir Gaelscoileanna Teo agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo, c. 2011 (páipéir phríobháideacha Chathail Uí Luain).

- Polasaí Iontrála Scoil Chrónáin 2011-2012 (páipéir phríobháideacha Chathail Uí Luain).
- Preasráiteas Altram, an 21 Eanáir 2014 (páipéir phríobháideacha Chathail Uí Luain).
- Preasráiteas, an tAire Martin McGuinness, Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann, an 11 Feabhra 2000 (Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic), lch. 1.
- Preasráiteas, an Roinn Oideachais, an 28 Samhain 1996 (Foras Pátrúnachta: bunreacht, plécháipéisí srl, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).
- Preasráiteas, Bord na Gaeilge, an 6 Eanáir 1996 (Bord Oideachais: cáipéisí éagsúla go dtí gur bunaíodh é, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).
- Preasráiteas ón bhForas um Oideachais trí Ghaeilge ar ‘Kayak an Airgid,’ gan dáta, c.1992 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Príomhoide Ghaelscoil Uí Dhoghair, Caisleán Nua Thiar, Contae Lúimnigh, chuig an bhForas um Oideachais trí Ghaeilge, an 4 Márta 1992 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Ráiteas Uinsinn Mhic Thomáis, *Recess—a solution?* Feabhra 1987 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).
- Risteard Mac Siacuis, Comharchumann Íde Naofa Teo. chuig Conall Ó Móráin, an 11 Feabhra 1980 (Gaelscoileanna, 1979-80, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Rúin do Chomhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna, 2000 (Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).
- Scribhinn le Tomás Mac Gabhann, ‘Gaelscolaíocht (Dara leibhéal) i dTír Chonaill Coláiste Pobail Ghaoth Dobhair & Cú Uladh,’ gan dáta. In: Páipéir Phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann.
- Sliocht le Yvonne Ní Mhurchú, iar-Uachtarán Gaeloideachas 2016-17 (seolta trí rphost ar an 23ú Deireadh Fómhair 2023).

- S. Ó Mathúna, Rúnaí Cúnta na Roinne Oideachais chuig an Athair C. Sayers, Nollaig 1980 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 (páipéir phríobháideach Chathail Uí Luain).
- The All-Irish Success Story*, dréacht de dhoiciméad gan dáta, c.1991 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mac Thómais).
- Tomás Mac Gabhann chuig an mBráthair Ó Néill, an 17 Samhain 1981 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Tomás Mac Gabhann chuig an Coirnéal Eoghan Ó Néill, Stiúrthóir Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, 19 Samhain 1981 (Gaelscoileanna, 1981-, Páipéir Príobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Tomás Mac Gabhann chuig Máire Bean Uí Ghógáin, Uachtarán (?) Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, an 23 Samhain 1981 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Tomás Mac Gabhann chuig Riobard Mac Góráin, 10 Márta 1970. In: Páipéir Phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann.
- Tomás Mac Gabhann, Rúnaí Gaelscoileanna chuig hAodh Ó Cainn, Príomhfheidhmeannach Bhord na Gaeilge, an 30 Eanáir 1979 (miontuairiscí ar chruinnithe riartha Gaelscoileanna, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Tomás Mac Gabhann, Uachtarán Gaelscoileanna chuig Con Hough, an Roinn Oideachais, Nollaig 1981 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Tomás (sloinne doléite), Maigh Cuilinn, chuig Tomás Mac Gabhann, an 4 Samhain 1981 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Treoracha do ghrúpaí ag tosú scoile (Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).
- Tuairisc an Ardfheidhmeannaigh, Bláthnaid Ní Ghréacháin, an 18 Meitheamh 2011 (páipéir phríobháideacha Chathail Uí Luain).

- Tuairisc an ArdFheidhmeannaigh, Bláthnaid Ní Ghréacháin, an 25 Eanáir 2014 (páipéir phríobháideach Chathail Uí Luain).
- Tuairisc an Cathaoirligh, cruinniú cinn bliana FPNSG 1996 (Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic), lch. 5.
- Tuairisc ar chruinniú CAER, Bangor, an 12 Feabhra 2000 (Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic), lch. 2.
- Tuairisc ar chruinniú idir an Roinn Oideachais agus Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, c. 1995 (Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).
- Tuairisc an Fheidhmeannaigh do chruinniú Gaelscoileanna, an 10 Márta 1980 (Gaelscoileanna, 1979-80, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Colm Ó Dúlacháin, Gaelscoileanna, Samhain 1981 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Colm Ó Dúlacháin, Gaelscoileanna, Eanáir 1982 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Colm Ó Dúlacháin, Gaelscoileanna, Feabhra 1982 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).
- Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Gaelscoileanna, dátaí éagsúla (Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).
- Tuairisc an Fheidhmeannaigh, Gaelscoileanna, dátaí éagsúla (Gaelscoileanna, 1997-, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).
- Tuairisc an Stiúrthóra, An Foras Pátrúnachta, an 29 Lúnasa 2001 ('Gaelscoil Thulach na nÓg' páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Chormaic), lch. 1.
- Tuairisc ar an Ultach Trust, c.1989 (Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart

Éireann, *The place of the Irish Language*, 20/3/3).

Tuairisc ar chaiteachas ar an nGaeilge, 1993-94 (Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann, *The place of the Irish Language*, 20/3/3).

Tuairisc ar dhul chun cinn na scéime ‘Deiseanna úsáide labhairt na Gaeilge,’ dátaí éagsúla (Gaelscoileanna, Miontuairiscí an Choiste Riartha, 1995-2001, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Tuarascáil ar Shamhail Nua Mhaoinithe á Moladh d’Fhoras na Gaeilge, Meitheamh 2012 (páipéir phríobháideach Chathal Uí Luain).

Tuairisc ar Sheimineár Idirchreidmheach 2001, Dónaill Ó Conaill, an 15 Meitheamh 2001 (‘Gaelscoil Thulach na nÓg,’ páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Chormaic), lch. 1.

Tuairisc nó litir dár dteideal *Scoil Lán-Ghaelach for Terryland?*, an 10 Samhain 1983 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Tuairisc ó chruinniú idir an Roinn Oideachais agus an Foras Pátrúnachta, an 26 Márta 1996 (Foras Pátrúnachta: bunreacht, plécháipéisí srl, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Tuairisc ón Eagraí Náisiúnta, Colm Ó Dúlacháin, Gaelscoileanna, Samhain 1984 (Gaelscoileanna, 1981-, páipéir phríobháideacha Thomáis Mhic Gabhann).

Tuismitheoir anaithnid, Gaelscoil Chill Mhantáin, go Breandán Mac Cormaic, Aibreán 2002 (‘Gaelscoil Thulach na nÓg,’ páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Chormaic).

Seán Mac Mathúna, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge chuig Micheál Martin, an tAire Oideachais, an 17 Aibreán 1998 (Bord Oideachais: cáipéisí éagsúla go dtí gur bunaíodh é, páipéir phríobháideacha Bhreandán Mhic Cormaic).

Uinsinn Mhic Thomáis chuig Deirbhle Nic Craith, an 2 Deireadh Fómhair 1990 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Unseann Mac Thómais chuig John Hume, 5 Ardán Radharc an Ch-uain, Doire, an 25 Deireadh Fómhair 1991 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Unseann Mac Thómais chuig John Hume FPE, an 1 Samhain 1991

(páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Unseann Mac Thomáis chuig Jacqueline Ní Fhearghusa, an 25 Meitheamh 1992 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Unseann Mac Thomáis go Mícheál Ó Foighil, Coláiste Lurgan, an 6 Iúil 1992 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

Unseann Mac Thomáis go Jacqueline Ní Fhearghusa, an 20 Lúnasa 1992 (páipéir phríobháideacha Uinsinn Mhic Thomáis).

FOINSÍ PRÍOMHA EILE

‘An Lá Dearg 2022,’ Conradh na Gaeilge, Bealtaine 2022 (<https://cnag.ie/en/campaigns/ongoing-campaigns/an-l%C3%A1-dearg-2022.html>)

An Polasaí don Oideachas Gaeltachta—Eolas do Thuismitheoirí, suíomh Gaeloideachas, an 16 Feabhra 2022 (<https://gaeloideachas.ie/an-polasaí-don-oideachas-gaeltachta-eolas-do-thuismitheoirí>).

An Roinn Oideachais. *Léargas ar sholáthar don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Soláthar reatha agus réamb-mheastacháin don todhchaí.* 2022

Ár Seacht nDícheall don Ghaeilge: Polasaí Shinn Féin chun an teanga náisiúnta a normalú agus a spreagadh i mbéal an phobail, 2023.

Briefing Paper, Comhairle na Gaelscolaíochta, 2021 (<https://comhairle.org/english/wp-content/uploads/sites/3/2022/01/CnaG-main-Briefing-Paper-IR-Ed1-Deiridh.pdf>).

Ceist Dara Calleary TD ar Damien English TD, ‘*Schools Designation*,’ an 20 Eanáir 2016, Kildare Street (<https://www.kildarestreet.com/debates/?id=2016-01-20a.451>).

‘Cíos saor in aisce á tairiscint chun scoil a choinneáil ar oscailt,’ RTÉ.ie, an 9 Aibreán 2023 (<https://www.rte.ie/news/nuacht/2023/0409/1376095-cios-saor-in-aisce-a-tairiscint-le-scoil-a-choinneail-oscailte/>).

Conradh na Gaeilge, Cartlann Feachtas (<https://cnag.ie/ga/feachtas/cartlann-feachtas/l%C3%A1-m%C3%B3r-na-gaeilge-2014.html>)

‘*East Belfast may get Irish-medium school*,’ an 19 Nollaig 2018, *BBC News* (<https://www.bbc.com/news/uk-northern-ireland-46625962>)

Freagra ceistneora ar an mbata scoir ó Sheán Mac Mathghamhna, Dúlainn, Co. an Chláir, an 24 Márta 1936 (Cartlann Béaloideas Náisiúnta, Coláiste na hOllscoile, BÁC, MS 495), 151-4.

‘Gaelscoil [Caitlín] Maude,’ comhrá ar an bhfóram Boards.ie, an 17 Feabhra 2011 (<https://www.boards.ie/discussion/2056183535/gaelscoil-cathlin-maude>)

Gaelscoil Uí Earcáin. (<http://www.gsue.ie/nuacht/l-mr-na-gaeilge-150214>).

Inquiry into the Education and Training Inspectorate and the School Improvement Process, Aighneacht Chomhairle na Gaelscolaíochta, Tionól Thuaisceart Éireann, 26 Meán Fómhair 2013 (<http://www.niassembly.gov.uk>).

Leathanach Facebook Chonradh na Gaeilge, 18 Nollaig 2019 (<https://www.facebook.com/CnaGaeilge/posts/2714729841899756/>).

Merrion Street, ‘40 new schools to be established in next six years—Minister Quinn,’ an 27 Meitheamh 2011 (<https://merrionstreet.ie/en/category-index/40-new-schools-to-be-established-in-next-six-years-minister-quinn-2.39775.shortcut.html>).

Near FM, agallamh le Ciara Ní Bhroin ar an gclár ‘Ar Muin na Muice,’ an 16 Márta 2016.

‘*Pause on 58 school building projects lifted*,’ *RTÉ News*, an 5 Aibreáin 2023 (<https://www.rte.ie/news/education/2023/0405/1375416-school-building-projects/>).

Ó Cuanagh, Máirtín, Rúnaí CnaG, chuig Niall Mac Fhionnlaoich, Craobh na gCúig Cúigí, an 10 Meitheamh 1975 (Cartlann CnaG, OÉG), G60/4/3/1/3/004.

Páipéir ar Scoil Bhríde, arna bhunú ag Louise Gavan-Duffy, 1917-1933 (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, MS 46,271).

Ráiteas ón bhForas Pátrúnachta ar suíomh Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath, an 26 Márta 2021 ([tps://dublindiocese.ie/transfer-of-patronage-of-scoil-chaitlin-maude-from-the-catholic-archdiocese-of-dublin-to-an-foras-patronachta/](https://dublindiocese.ie/transfer-of-patronage-of-scoil-chaitlin-maude-from-the-catholic-archdiocese-of-dublin-to-an-foras-patronachta/)).

Ráiteas Chomhairle na Gaelscolaíochta, ‘Imríonn ciorruithe buiséid tionchar níos measa ar dhaltaí Gaelscolaíochta,’ an 28 Aibreáin 2023 (<https://www.comhairle.org/gaeilge/bcd/>).

Review of Irish-medium Education Report, Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann, 2011 (https://dera.ioe.ac.uk/655/7/review_of_irish-medium_education_report__english_pdf__Redacted.pdf).

Report on the surveys regarding parental preferences on primary school patronage (<https://www.rte.ie/documents/news/school-patronage.pdf>)

Uplift, achainí ar son an fheachtais 733 Campaign, 2017 (<https://my.uplift.ie/petitions/support-the-irish-language-733-campaign>).

FOINSÍ TÁNAISTEACHA LEABHAIR AGUS AILT

Akenson, D. H. Sean Farren, and John Coolahan. ‘Pre-university education, 1921–84,’ i *A New History of Ireland Volume VII: Ireland 1921-84* curtha in eagar ag J. R. Hill. Oxford Academic, 2003.

Allen, Kieran. *Ireland's economic crash: a radical agenda for change*. Liffey Press, 2009.

Ard Scoil Íte, bileog ag lorg maoiniú don scoil, an Leabharlann Náisiúnta, c.1927 (<https://catalogue.nli.ie/Record/vtls000568933>).

Atkinson, Norman. ‘The educational ideas of Patrick Pearse, 1879-1916.’ *Comparative Education Review* 11, uimh. 1 (1967): 68-74.

Betts, Raymond F., *Decolonization*. Routledge, 1998.

Bhattacharya, Sabyasachi. ‘Towards a Global History of Education: Alternative Strategies,’ i *Connecting Histories of Education: Transnational and Cross-Cultural Exchanges in (Post)Colonial Education* curtha in eagar ag Barnita Bagchi, Eckhardt Fuchs, agus Kate Rousmaniere. Berghahn Books, 2014.

Borooah, Vani K. & Donal A. Dineen & Nicola Lynch. ‘Language and Occupational Status: Linguistic Elitism in the Irish Labour Market,’ *The Economic and Social Review, Economic and Social Studies* 40, uimh. 4 (2009): 435-460.

- Briody, Mícheál. *The Irish Folklore Commission, 1935–1970: History, Ideology, Methodology*. Finnish Literature Society, 2007.
- Brown, Terence. *Ireland: a Social and Cultural History 1922–2002*. HarperCollins, 2003.
- Buttimer, Neil agus Máire Ní Annracháin. ‘Irish Language and Literature, 1921–84,’ i *A New History of Ireland Volume VII* curtha in eagar ag J.R. Hill. Oxford University Press, 2003.
- Chimbutane, Feliciano. *Rethinking Bilingual Education in Postcolonial Contexts*. Blue Ridge Summit: Multilingual Matters, 2011.
- Coakley, Maurice. *Ireland in the World Order: a History of Uneven Development*. Pluto Press, 2012.
- Connolly, Linda. *The Irish Women’s Movement: from Revolution to Devolution*. Palgrave Macmillan, 2002.
- Connolly, Linda. ‘Theories of social movements: a review of the field,’ *Social Movements and Ireland* curtha in eagar ag Linda Connolly agus Niamh Hourigan. Manchester University Press, 2006.
- Coolahan, John. “Education as Cultural Imperialism: The denial of the Irish language to Irish speakers, 1831–1922.” *Education and Ethnicity; Paedagogica Historica* 37, uimh. 1 (2001): 16–33.
- Coolahan, John. *Irish education: history and structure*. Institute of Public Administration, 1981.
- Coolahan, John. *Towards the Era of Lifelong Learning: a History of Irish Education, 1800–2016*. Institute of Public Administration, 2017.
- Crawford, David agus Paul Silverstein. ‘Amazigh Activism and the Moroccan State.’ *Middle East Report* 233 (2004): 44–48.
- Cummins, James. ‘Immersion Education in Ireland: A Critical Review of Macnamara’s Findings.’ *Working Papers on Bilingualism* 13 (1977): 1–10.
- Darmody, Merike agus Tania Daly. ‘Attitudes towards the Irish Language on the Island of Ireland.’ Foras na Gaeilge, 2015.
- de hÍde, Dubhghlas. ‘The Necessity for De-Anglicising Ireland (1892),’ *Selected Documents in Irish History* curtha in eagar ag Josef L. Altholz. Routledge, 2000.

- Denvir, Gearóid. *An Peann is a Bhfuil Ann*. Coiscéim, 2021.
- Drudy, Sheelagh agus Kathleen Lynch. *Schools and Society in Ireland*. Gill & Macmillan, 1993.
- Dunphy, Richard. 'Beyond Nationalism? The Anti-Austerity Social Movement in Ireland: Between Domestic Constraints and Lessons from Abroad.' *Journal of Civil Society* 13, uimh. 3 (2017): 267-283.
- Dwan, David. *The Great Community: Culture and Nationalism in Ireland*. Field Day, 2008.
- Earl, Jennifer, Andrew Martin, John D. McCarthy agus Sarah A. Soule. 'The Use of Newspaper Data in the Study of Collective Action.' *Annual Review of Sociology* 30 (2004): 65-80.
- Gillmor, Desmond. 'Land and People, c.1926,' i *A New History of Ireland Volume VII* curtha in eagar ag J.R. Hill. Oxford University Press, 2003.
- Girvin, Brian. 'Contraception, Moral Panic and Social Change in Ireland, 1969-79,' *Irish Political Studies* 23, uimh. 4 (2008): 555-576.
- Green, Anna. 'Can Memory be Collective?' i *The Oxford Handbook of Oral History* curtha in eagar ag Donald A. Ritchie. Oxford, 2011.
- English, Richard. 'Ireland, 1982-94,' i *The Course of Irish History*, 4ú eagrán. curtha in eagar ag Theodore W. Moody agus Francis X. Martin. Mercier Press, 2001.
- Fairclough, Norman. *Language and Symbolic Power*, 2ú heagrán. Longman, 2001.
- Fanon, Frantz. *The Wretched of the Earth*. Grove Press, 1963.
- Fenton, Laurence. *The Young Ireland Rebellion and Limerick*. Mercier Press, 2010.
- Ferriter, Diarmaid. *Ambiguous Republic: Ireland in the 1970s*. Profile, 2013.
- Ferriter, Diarmaid. *The Transformation of Ireland*. The Overlook Press, 2007.
- Foster, Gavin. *The Irish Civil War and Society: Politics, Class, and Conflict*. Palgrave Macmillan, 2015.
- Foster, R.F. *Luck & the Irish: a brief history of change, 1970-2000*. Allen

Lane, 2007.

Freire, Paulo. *The Pedagogy of the Oppressed*. Continuum International Publishing Group, 1970.

Gilligan, Chris. 'Austerity and consociational government in Northern Ireland.' *Irish Studies Review* 24, uimh. 1 (2016): 35-48.

Gillmor, Desmond. 'Land and People, c.1926,' i *A New History of Ireland Volume VII* curtha in eagar ag J.R. Hill. Oxford University Press, 2003.

Girvin, Brian. 'Contraception, Moral Panic and Social Change in Ireland, 1969–79,' *Irish Political Studies* 23, uimh. 4 (2008): 555-576.

Greaney, Vincent agus Thomas Kellaghan. 'Factors Related to Choice of Post-Primary School in Ireland.' *The Irish Journal of Education/ Iris Éireannach an Oideachais* 4, uimh. 2 (1970): 69-83.

Green, Anna. 'Can Memory be Collective?' i *The Oxford Handbook of Oral History* curtha in eagar ag Donald A. Ritchie. Oxford, 2011.

Guha, Ranajit. 'On Some Aspects of the Historiography of Colonial India,' i *Selected Subaltern Studies* curtha in eagar ag Ranajit Guha agus Gayatri Chakravorty Spivak. Oxford University Press, 1988.

Hanley, Brian. *The Impact of the Troubles on the Republic of Ireland, 1968–1969: Boiling Volcano?* Manchester University Press, 2019.

Harris, Erika. *Nationalism: Theories and Cases*. Edinburgh University Press, 2009.

Harris, John. 'Irish in the Education System,' i *A New View of the Irish Language* curtha in eagar ag Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh. Cois Life, 2008.

Hourigan, Niamh. 'Movement Outcomes and Irish Language Protest,' *Social Movements and Ireland* curtha in eagar ag Linda Connolly agus Niamh Hourigan. Manchester University Press, 2006.

Hulstaert, Karen. "French and the school are one"—the role of French in postcolonial Congolese education: memories of pupils,' *Paedagogica Historica* 54, uimh. 6 (2018): 822-836.

Hyland, Áine. *A Brave New Vision for Education in Ireland: the Dalkey School Project, 1974–1984*. Áine Hyland, 2020.

- Inglehart, Ronald. *The Silent Revolution: Changing Values and Political Styles Among Western Publics*. Princeton University Press, 1977.
- Jackson, Alvin. *Ireland: 1798-1998, War, Peace and Beyond*, 2ú eagr. Blackwell Publishing, 2010.
- Kachuk, Patricia. 'Resistance to British Cultural Hegemony: Irish-Language Activism in West Belfast.' *Anthropologica* 36, uimh. 2 (1994): 135-154.
- Kelly, Adrian. *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland, 1870s-1970s*. Irish Academic Press, 2002.
- Keogh, Dermot. 'Ireland at the Turn of the Century: 1994-2001,' i *The Course of Irish History*, 4ú eagrán. curtha in eagar ag Theodore W. Moody agus Francis X. Martin. Mercier Press, 2001.
- Kiberd, Declan agus P.J. Matthews. *Handbook of the Irish Revival: An Anthology of Irish Cultural and Political Writings, 1891-1922*. Abbey Theatre Press, 2015.
- Kirby, Peadar. 'Globalization, the Celtic Tiger and social outcomes: is Ireland a model or a mirage?.' *Globalizations* 1 uimh. 2 (2004): 205-222.
- Leavy, Patricia. *Oral History: Understanding Qualitative Research, Understanding Statistics*, online ed. Oxford Academic, 2015.
- Lee, J.J. *Ireland, 1912-1985: Politics and Society*, 2ú eagr. Cambridge University Press, 1990.
- Lennon, Colm. *Sixteenth-Century Ireland: the Incomplete Conquest*, 2ú eagr. Gill & Macmillan Ltd, 2005.
- Lima, Valesca. 'Urban austerity and activism: direct action against neo-liberal housing policies.' *Housing Studies* 36, uimh. 2 (2021): 258-277.
- Lindsey, James F. 'Irish Language Teaching: A Survey of Teacher Perceptions.' *The Irish Journal of Education* 9, uim. 2 (1975): 97-107.
- Mac Aonghusa, Brian. 'Pobal Gaeilge Dheisceart Chontae Átha Cliath,' i *Léargais: Pobail na Gaeilge 2006* curtha in eagar ag Helen Ní Mhurchú. Clódóirí Lurgan, 2006.
- Mac Aonghusa, Proinsias. *Ar Son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge, 1893-*

- 1993: *Stair Sheanchais*. Cló Choill Eoin, 1993.
- Mac Ionnrachtaigh, Feargal. *Language, Resistance and Revival: Republican Prisoners and the Irish Language in the North of Ireland*. Pluto Press, 2013.
- MacKenzie, Alison, Mel Engman & Orla McGurk. 'Overt and symbolic linguistic violence: plantation ideology and language reclamation in Northern Ireland.' *Teaching in Higher Education* 27, uimh. 4 (2022): 489-501.
- Mac Murchaidh, Ciarán. 'The Catholic Church, the Irish Mission and the Irish Language in the Eighteenth Century,' i *Irish and English: Essays on the Irish Linguistic and Cultural Frontier, 1600-1900* curtha in eagar ag James Kelly agus Ciarán Mac Murchaidh. Four Courts Press, 2012.
- Mac Piarais, Pádraig. *The Murder Machine and Other Essays*. The Mercier Press, 1976.
- Mac Seáin, Séamus. *D'imigh Sin agus Tháinig Seo: Scéal Oibrí Fir i mBéal Feirste a linne*. Coiscéim, 2010.
- Mac Síomóin, Tomás. 'Nua-Éireannachas: Namhad don Ghaeilge,' i *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Dombandaithe* curtha in eagar ag Breandán Mac Cormaic. Coiscéim, 2011.
- Mac Síomóin, Tomás. *The Broken Harp: Identity and Language in Modern Ireland*. Nuascéalta, 2014.
- Mac Síomóin, Tomás. *The Gael Becomes Irish: an Unfinished Odyssey*. Nuascéalta, 2020.
- Matthews, P.J. *Revival: the Abbey Theatre, Sinn Féin, the Gaelic League and the Co-Operative Movement*. University of Notre Dame Press, 2003.
- Marshall, Susan E. 'Islamic revival in the maghreb: the Utility of Tradition for Modernizing Elites.' *Studies in Comparative International Development* 14 (1979): 95-108.
- Mas-Moury Mack, Vanessa. *Parents' attitudes to the gaelscoil as a school for the elite* (cur i láthair ag Seimineár Taighde ar an Ghaeloideachas 17.01.11) An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, 2011.
- McCabe, Conor. 'Apple and Ireland, 1980-2020: A Case Study of the

- Irish Comprador Capitalist System,' i *Radical History Review: Irish and World Histories* curtha in eagar ag Peter Hession, Aidan Beatty agus Van Gosse. 2021.
- McCabe, Conor. *Sins of the Father: the Decisions that Shaped the Irish Economy*. The History Press Ireland, 2011.
- McGuire, Peter. "State on a Go-Slow in Moving Primary Education from Majority Catholic Group." *Noteworthy*, 14 Meitheamh, 2021. <https://www.noteworthy.ie/divestment-catholic-primary-schools-stalemate-part-one-5463812-Jun2021/>.
- McMahon, Timothy G. "All Creeds and All Classes"?: Just Who Made Up the Gaelic League?.' *Éire-Ireland* 37, uimh. 3&4 (2002): 118-168.
- McVeigh, Robbie, and Bill Rolston. *Anois ar Theacht an tSamhraidh: Ireland, Colonialism and the Unfinished Revolution*. Beyond the Pale Books, 2021.
- Memmi, Albert. *The Colonizer and the Colonized*. Profile Books, 1974.
- Meighan-Chiblow, Paul. "Languages do not 'die,' they are persecuted: A Scottish Gael's perspective on language 'loss.'" *Belonging, Identity, Language, Diversity Research Group (BILD)*, 4 Nollaig, 2022. <https://bild-lida.ca/blog/uncategorized/languages-do-not-die-they-are-persecuted-a-scottish-gaels-perspective-on-language-loss-by-dr-paul-meighan-chiblow/>.
- Morley, Vincent. *The Popular Mind in Eighteenth-Century Ireland*. Cork University Press, 2017.
- Müller, Stefan & Regan, Aidan. 'Are Irish voters moving to the left?' *Irish Political Studies* 36, uimh. 4 (2021): 535-555.
- Ní Chinnéide, Mairéad. *Scéal Ghael-Linn*. Cló Iar-Chonnacht, 2013.
- Ní Dhiorbháin, Aisling, Lorraine Connaughton Crean agus Pádraig Ó Duibhir. Soláthar an Oideachais Lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta do Pháistí a bhfuil Béarla mar Theanga Bhreise acu.
- Ní Mhaoláin, Niamh. 'Gaelscoileanna mar chóras bunoidreachais in Éirinn.' *Irish Educational Studies* 17, uimh. 1 (1998): 300-305.
- Ní Ríordáin, Cáit. *Bhí mé i Scoil Fhursa*. Bungalow Press, 1988.

- Ó Baoill, Dónall P. 'Origins of Irish-medium Education: The Dynamic Core of Language Revitalisation in Northern Ireland.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism* 10, uimh. 4 (2007): 410-427.
- Ó Cadhain, Máirtín. *Gluaiseacht na Gaeilge, Gluaiseacht ar Strae*. Misneach, 1970.
- Ó Cathasaigh, Aindrias. *Ag Samblú Troda: Máirtín Ó Cadhain, 1905–70*. Coiscéim, 2002.
- Ó Ceallaigh, Ben. 'Neoliberalism and language shift: The Great Recession and the sociolinguistic vitality of Ireland's Gaeltacht, 2008-18.' Tráchtas dochtúireachta. Ollscoil Dhún Éideann, 2019.
- Ó Cearúil, Colm. *Aspail ar son na Gaeilge timirí Chonradh na Gaeilge 1899-1923*. Conradh na Gaeilge, 1995.
- Ó Conchubhair, Brian. 'The Gaelic League and Irish Ireland,' *The Cambridge History of Ireland: volume IV, 1880 to the Present* curtha in eagar ag Thomas Bartlett. Cambridge University Press, 2018.
- Ó Conchubhair, Brian. 'The Irish language and the Gaeltachtaí: illiberalism and neoliberalism.' *Routledge International Handbook of Irish Studies* curtha in eagar ag Renée Fox, Mike Cronin, and Brian Ó Conchubhair. Routledge, 2020.
- O'Connor, John. *The 1916 Proclamation*, 2ú eagr. Anvil Books, 1999.
- Ó Croidheáin, Caoimhghin. *Language From Below: the Irish Language, Ideology and Power in 20th-Century Ireland*. Peter Lang, 2006.
- Ó Cuív, Brian. 'Irish Language and Literature, 1845-1921,' i *A New History of Ireland VI: Ireland under the Union 1870-1921* curtha in eagar ag W.E. Vaughan. Oxford University Press, 1989.
- O'Donoghue, Tom agus Teresa O'Doherty. *Irish Speakers and Schooling in the Gaeltacht, 1900 to the Present*. Palgrave Macmillan, 2019.
- Ó Dufaigh, Brendan. *An Gadaí Bradach*. Foilsitheoirí na gCnoc, 2022.
- Ó Gairbhí, Seán Tadhg. *Síil Eile*. Cois Life, 2017.
- Ó Giollagáin, Conchúr agus Tamás Péterváry. 'An Pobal Gaelach agus an Stát Éireannach: Forbairt agus Éigeandáil,' i *Beartas Úr na nGael: Dálaí na Gaeilge san Iar-Nua-Aoiseachas* curtha in eagar ag Conchúr

- Ó Giollagáin agus Brian Ó Curnáin. *Leabhar Breac*, 2016.
- Ó Giollagáin, Conchúr. ‘An Domhandú agus Mionlaigh Teanga (sic),’ i *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Dombandaithe* curtha in eagar ag Breandán Mac Cormaic. Coiscéim, 2011.
- O’Halpin, Eunan. ‘Politics and the State, 1922–32,’ i *A New History of Ireland VII* curtha in eagar ag J. R. Hill. Oxford Academic, 2010.
- Ó Laighin, Pádraig B. *Pobal na Gaeilge: Daonra, Institiúidí, Stádas, agus Cumbacht*. Cló na nGael, 2022.
- Ó Luain, Kerron. “‘Arm cathartha Gaeilgeoirí.’ radical Irish language group Misneach in the 20th and 21st centuries,’ caint neamhfhoil-sithe ag Ollscoil Aberystwyth, 2002.
- Ó Luain, Kerron. ‘Young and Old Ireland: Repeal politics in Belfast, 1846–1848.’ *New Hibernia Review* 22, uimh. 2 (2018).
- Ó Murchadha, Noel P. ‘Iniúchadh ar dhearcadh cainteoirí Gaeltachta ar éagsúlacht na Gaeilge comhaimseartha.’ i *An Meon Folaithe: idé-eolaíocht agus iompar lucht labhartha na Gaeilge in Éirinn agus in Albain* curtha in eagar ag Tadhg Ó hIfearnáin agus John Walsh. Cois Life, 2018.
- Ó Riagáin, Pádraig agus Michael Ó Gliasáin. *All-Irish Primary Schools in the Dublin Area. Report of a Sociological and Spatial Study of All-Irish-Medium Schools in the Greater Dublin Area, with Special Reference to Their Impact on Home and Social Network Use of Irish*. Institiúid Teangeolaíochta Éireann, 1979.
- Ó Riagáin, Pádraig. ‘Irish Language Policy 1922–2007: Balancing Maintenance and Revival,’ i *A New View of the Irish Language* curtha in eagar ag Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh. Cois Life, 2008.
- O’Reilly, Camille C. *The Irish Language in Northern Ireland: The Politics of Culture and Identity*. Palgrave Macmillan, 1999.
- Ó Snodaigh, Colm. *Dún Chaoin: Oscail an Scoil*. Coiscéim, 2017.
- Ó Tuathaigh, Gearóid. “Gaelic Ireland, Popular Politics and Daniel O’Connell.” *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society*, 34 (1974/1975): 21–34.

- Ó Tuathaigh, Gearóid. 'Language, literature and culture in Ireland since the War,' *Ireland 1945–70* curtha in eagar ag J.J. Lee. Gill and Macmillan, 1979.
- Ó Tuathaigh, Gearóid. 'The State and the Irish Language: an Historical Perspective,' i *A New View of the Irish Language* curtha in eagar ag Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh. Cois Life, 2008.
- Ó Tuathaigh, Gearóid. 'An Stát, an Féiniúlacht (sic) Náisiúnta agus an Teanga: Cás na hÉireann,' i *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Dombandaithe* curtha in eagar ag Breandán Mac Cormaic. Coiscéim, 2011.
- Ó hUallacháin, Colman L. (1978), 'Languages of Instruction in Ireland 1904-1977,' *International Review of Education/Internationale Zeitschrift für Erziehungswissenschaft/Revue Internationale de l'Education* 24, uimh. 4 (1978): 501-510.
- Páipéir ar Scoil Bríde bunaithe ag Louise Gavan Duffy, An Leabharlann Náisiúnta, 1917-1993 (<https://catalogue.nli.ie/Record/vtls000277340>).
- Quinlan, Mary Kay. 'The Dynamics of Interviewing,' i *The Oxford Handbook of Oral History* curtha in eagar ag Donald A. Ritchie. Oxford, 2011.
- Riordan, Susannah. 'Politics, Economy, Society: Northern Ireland, 1920-1939,' *The Cambridge History of Ireland: volume IV, 1880 to the Present* curtha in eagar ag Thomas Bartlett. Cambridge University Press, 2018.
- Ritchie, Donald A. 'Introduction, The Evolution of Oral History,' i *The Oxford Handbook of Oral History* curtha in eagar ag Donald A. Ritchie. Oxford, 2011.
- Ross, F. Stuart. *Smashing H Block*. Liverpool University Press, 2011.
- Rowland, Hugh. 'An choimhlint idé-eolaíochta idir Misneach agus an LFM le linn chomóradh 50 bliain an Éirí Amach,' *CombarTaighde* 2 (2016): 2-15.
- Rowland, Hugh. 'Conradh na Gaeilge agus an Language Freedom Movement (LFM): Coimhlint idé-eolaíochta (1965–74),' *An Meon Folaith: idé-eolaíocht agus iompar lucht labhartha na Gaeilge in Éirinn agus*

- in Albain* curtha in eagar ag Tadhg Ó hIfearnáin agus John Walsh. Cois Life, 2018.
- Said, Edward. *Culture and Imperialism*. Vintage, 1994.
- Scammon, Richard M. 'International Election Notes,' *World Affairs* 145, uimh. 4 (1983): 385–89.
- 'State on a go-slow in moving primary education from majority Catholic grip.' *Noteworthy*, an 14 Meitheamh 2021 (<https://www.noteworthy.ie/divestment-catholic-primary-schools-stalemate-part-one-5463812-Jun2021/>).
- Streib, Gordon F. 'Social Stratification in the Republic of Ireland: The Horizontal and the Vertical Mosaic.' *Ethnology* 12, uimh. 3 (1973): 341–357.
- Urban, Eva. 'The Condition of Female Laundry Workers in Ireland 1992–1996: a Case of Labour Camps of Trial.' *Études d'Histoire et de Civilisation* 37 uimh. 2 (2012): 49–64.
- Walsh, John agus Bernadette O'Rourke. 'Mudes teangeolaíochta agus nuachaintoirí na Gaeilge.' *ComharTaighde* eagrán 1, 2015.
- Walsh, John. *One Hundred Years of Irish Language Policy, 1922–2022*. Peter Lang, 2022.
- Walsh, Thomas. *Primary Education in Ireland, 1897–1990: Curriculum and Context*. Peter Lang, 2012.
- wa Thiong'o, Ngũgĩ. *Decolonising the Mind: the Politics of Language in African Literature*. Boydell & Brewer, 1986.
- Watson, Iarfhlaith agus Máire Nic Ghiolla Phádraig. 'Linguistic Elitism: the Advantage of Speaking Irish Rather than the Irish-speaker Advantage.' *Economic & Social Review* 42, uimh. 4 (2011): 437–454.
- Whyte, J.H. 'Ireland, 1966–82,' i *The Course of Irish History*, 4ú heagrán, curtha in eagar ag Theodore W. Moody agus Francis X. Martin. Mercier Press, 2001.
- Wolf, Nicholas. *An Irish-Speaking Ireland: State, Religion, Community, and the Linguistic Landscape in Ireland, 1770–1870*. University of Wisconsin Press, 2014.

TUAIRISCÍ RIALTAIS

An Coiste um Thaighde ar Dhearcadh an Phobail i dTaobh na Gaeilge (1975), 2018/28/1037, Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Taighde ar Dhearcadh an Phobail i leith na Gaeilge. In: Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

Ó Giollagáin, Conchúr, Mac Donnacha, Seosamh, Ní Chualáin, Fiona, Ní Shéaghdha, Aoife, O'Brien, Mary. *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chriochnaitheach*, Acadamh na hOllscolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i gcomhair leis an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásáil, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. 2007.

TRÁCHTAIS

Griffin, Patricia. *Dóchas is Dúchas, Hope and Heritage, Gaelscoileanna; Transforming Power and Linguistic Ideology*. Tráchtas Máistreachta, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad neamhfhoilsithe, 2006.

Ní Fhearghusa, Jacqueline. *Gaelscoileanna: Stair na hEagraíochta, 1973–1998*. Tráchtas M.Ed., Coláiste na hOllscoile. neamhfhoilsithe, 1998.

SUÍOMHANNA IDIRLÍON

An Roinn Oideachais: tuarascáil staitistiúil, 1968/9–1971/2 agus 1972/73–1973/74, Suíomh idirlín na Roinne Oideachais, <https://www.education.ie/en/Publications/Statistics/Statistical-Reports/> [Faighte 29 Meitheamh 2020].

Léarscáil míbhuntáiste 2006, Suíomh idirlín POBAL <https://maps.pobal.ie/WebApps/DeprivationIndices/index.html> [Faighte 23 Márta 2021].

Marx, Karl. Nótaí chuig *People*, Londain, Umh 7, Meitheamh 1851, <https://www.marxists.org/archive/marx/works/1851/06/14.htm> [Faighte 12 Nollaig 2020].

Status of the Irish Language, Suíomh idirlín an Aontais Eorpaigh, <https://ireland.representation.ec.europa.eu/strategy-and-priori->

ties/key-eu-policies-ireland/status-irish-language-eu_en [Faighte 19 Eanáir 2021].

Suíomh idirlín Scoil Neasáin, <https://www.scoilneasain.ie/page/Stair-na-Scoile/37278/Index.htm> [Faighte 25 Deireadh Fómhair 2021].

TUAIRISC

Andrews, L. *A Black Paper on Irish Education: The Decline of Irish as a School Subject in the Republic of Ireland, 1967–1977*. Ronan Press, 1978.

SUÍOMHANNA GRÉASÁIN

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (<https://www.donegaletb.ie/feature/post-primary-school/gairmscoil-chu-uladh/>) (rochtain faighte ar an 19/05/2022).

DÍOSPÓIREACHTAÍ DHÁIL ÉIREANN

Díospóireacht Dáil Éireann, an 11 Meitheamh 1987 (<https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/dail/1987-06-11/12/>).

Díospóireacht sa Seanad, an 22 Samhain 2007.

ÁBHAR EILE

Daonáireamh 2016 (<https://www.cso.ie/en/census/census2016reports/census2016smallareapopulationstatistics/>).

Advanced Review Copy





Tugann an Dr. Kerron Ó Luain iniúchadh leitheadach ar chaoga bliain de ghluaiseacht na Gaelscolaíochta in Éirinn. Bunaithe ar thaighde staire béil, chomh maith le foinsí cartlainne agus meán, tugann an saothar seo léargas ar leith ar an gcaoi ar oibrigh pobail ar fud na hÉireann chun earnáil iomlán nua Gaelscolaíochta a thógáil, go minic d'ainneoin fórsaí stáit, coilíneacha agus nualioibrálacha.

Roimh do Ghluaiseacht na Gaelscolaíochta teacht in inmhe sna 1970í is beag duine a shamhlódh go mbeadh fás as cuimse i ndán do scoileanna lán-Ghaeilge na tíre. Bhí drochbhail ar an nGaelscolaíocht in Éirinn, í ag dul i léig, faoi ionsaí ag an earnáil stáit sa dá dhlínse agus gan tacaíocht i gceachtar acu. In CATH IDIR AN POBAL AGUS AN MURDER MACHINE: GLUAISEACHT NA GAELSCOLAÍOCHTA, 1973-2023 déantar anailís ar an gcaoi ar éirigh le gnáth-Ghaeil an taoide a iompú. Baintear leas as breis agus caoga agallamh le gníomhairí agus oideachasóirí, mar aon le nuachtáin na linne agus cáipéisí stáit, chun forbairt na gluaiseachta a chioradh. Anailís ghéarchúiseach atá sa leabhar, trí lionsaí an díchoilínithe agus aicme, ar ghluaiseacht fhorásach arbh éigean di dul in adharca le córais chaipitleacha agus choilíneacha an dá stát, nó an murder machine, chun a spriocanna a bhaint amach.

Déanann an saothar ceannródaíoch seo, an chéad fhoilseachán de BHRADÁN FEASA, inphrionta de ISKRA BOOKS, an stair áitiúil a nascadh le léargais idirnáisiúnta ar ghluaiseachtaí teanga agus streachailtí oideachais. Is cuntas staire agus teistiméireacht phoiblí é, ag nochtadh na féidearthachta a bhaineann le múnlaí oideachais faoi stiúir an phobail agus eagrúchán ón mbonn aníos. Is acmhainn ríthábhachtach é an leabhar seo do scoláirí staire, teangeolaíochta agus oideachais, agus d'éinne atá tiomanta do thodhchaí bheo a thógáil don Ghaeilge.

Dearadh Clúdaigh le BEN STAHNKE

**bradán
feasa**

ISKRABOOKS.ORG

ISBN 979-8-3493-1742-2



9 798349 317422